4 Fir Uladh o thuinn go tuinn
meóir budh hionáirmhe a Emuinn
a n-ágha 'sa n-airrghe so
daingne a ccnámha náid clocha.

5 Buidne na mbrugh-soin ráidhe
mas íad t'adbhur urghráine
ferr an chomhda catha dho
naid clacha bodra balbha.

6 Cloch ni chumsgaith da hionadh
úaithe féin ar faidshiobhal
acht óig dhána ar lúdh tar ler
do shúr chána choig ccóigedh.

7 A-táid uma dhreic ndealbhdha
idir thríath is tigherna
tre chrích mháoinigh mhúir Da Thí
sáoirfhir gac dúin a-deirthí.

8 O do ghlúais an drong dhámhach
beid dot aimhdheoin illámhach
's ni shenfuid an daghrún de
féchfuid glanlúth na glaice.

9 Drong eile nar eirigh lais
a-taid umhal do ó dhíoghrais
cáor chaoimhmianuigh na ccrú nglan
ni cú aoinfhíadhaigh Eoghan.

10 Do bhádur Gaoidil ghuirt shreing
go techt d'Eoghan go hÉirinn
gan chlár Cuinn gan nert gan nemh
fa chuing gan chert gan chreidemh.

11 Do bhádur Goill go greadhnac
spicti innte ilmhedhrach
nochar shona ona sódh sinn
ag ól fhola na hÉirionn.

12 Tríath as ferr chosnus an chríoch
ar nert námhad ar eisíoth
díol é ar gac ainm da bfuair-sion
ad-dlé gairm na nglanuaisleadh.

13 Glac dhíamoint is ordóg óir
do gairm d'Eogan ni hégcoir
pailm don fhuil as úaisle linn
da bhfuil an uair-si a nÉirinn.

14 Cóir do mhol 'na láoidh gan locht
an tí táinig dar bhfurtacht
glac shéghuinn fhíalfhos gan oil
Píarrus mac Émuinn iulghloin.

Roinn na Sean-Ire, Col. na Tríonóide, TCD

15 Glac & ordóg Eógan
sgíath na rómha an ríleogan
a crosa ’sa a ceall da thoil
cosa & cenn ar ccogaidh.
16 Ni loinn leis luidhe socair
’s deibhlén Dé go hanshocair
nech tre fhúath ’na chenn na cuir
túath & ceall do chosuin.
17 [Ar Ga?]ll brisfidh an bealach [26v]
Eoghan ’sar Gall Gháoidealach
[ga?]ll gaca Gáoideal as cam
dall gac áoinfher nac admhann.
18 [...ci?]m chneidhe gaca cinidh
as dúal d’Eogan d’fhóiridhin.
ni léigfe le gleire Gall
Éire ghéigthe na ngealchall
19 Sé & cethracad rí[ogh] réidh
do ghabh Éirinn d’fuil airdNéill
re nEóghan a n-oighre soin
leóghan as doilghi a ndeabhthuibh.
20 As é bhérus go clár Cuinn
ag sgrios úadh lochta a lethtruim
solus súan nert & náoimh
sonus búan cert an chomáoin.
21 [B]éraidh fós as ferde sinn
iomlat áoibhinn ar Éirinn
suidhfem ’nar ttír uile as
gac duine dhínn ’na dhúthchus.
22 [C]óra dhúinn cor le cheile
[io]na bheth ag buing toibhéime
ar chrú Néill tuile gan tráigh
fa réidh um uile édáil.
23 Griostur uainn formad [is] f(h)íoch
cenglam cairdes gan eisíoth
as ferr bheith gan chreic[h gan cro?]dh
[io]na bheth fa bhreith ar mbiodhbadh.
24 Na brosd na beitre goile
chugad go clár Cíarraighe
féch go bfhuilim ar do les
go hég na cluinim coimhmes.
25 An ad Shac ni sloinnedh slim
nar baisdeadh ort a nÉirinn
do cos a-nonn ’s a-nall seal
fos sonn ad Ghall no ad Ghaoideal.
26 An dán do dheilbh ni dúal duit
leig don ealadhuin orrdhruic
mór an ghúais a grinneal so
glúais go himeal na hegna. A Émuinn ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

12

A Eoghain, do haithneadh t’airm
[TCD 1298 (H.2.7), vol. 1, col. 228]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A Eoghain ra haichneadh t’airm
ag sluagh Fhotla in gach aenmaidm
a haithli ar marbh um gach magh
aichni ar t’arm nochorb ingnad.

2 Da loisgis mhur Meic Aighi
ag mallargain Maenmaighi
tugais i[n] mur criadh & clach
fa smur diadh & deatach.

3 Urusu aichni ar da gha
ag sluag Mhaenmaighi i mbliadna[a]
a haithli th’air a-nuraidh
as daig th’aichni a nUrmumhain.

4 Tucsad Urmuimnig uili
aichni ar th’arm la lusmaigi
fa broin roithig d’fhaidbh is d’fhuil
o mhaidhm inn oithir feargaig.

5 La madma Lothra ar lar caich
tucsad aicni ar t’arm rinndaith
sionchu ar muig Aemhna ret ais
a caemna ar fhuil nír fedais.

6 Urmuimhnig ’na fearand fein
da crochais croda in cathrem
is fiu da creich a cleath Dor
breith a creach ’sa crocadh.

7 Ni tearc ’ga tacailt gu se
o lo in madma ar moin Fhuinche
re Dal Cais damadh cumhain
clais o th’ar a nUrmumain.

8 Urusa aicni ar t’arm tair
la creichi Cluana Domhnaig
tugais i ar breith cliar o Cuind
arna breith siar tar Sinnaind.

9 Sluaigead ele d’iarrad giall
rug sa Midhi Meic Ulliam
rug leim amail da n-iarraidh
ba clannaib Neill Noegiallaig.

10 Mag Eochagan fa hard rath
is ceaneal fholtcas Fhiachach
sluag mear ris ar mian cagadh
giall ’na teagh ni tugsadar.

11 Ar sin tugsad cheand a ceannd
sil Fhiachach is fir Erend

Roinn na Sean-Teanga, Col. na Tríonóide, TCD

rug ba fheadaib macu is mna
deabaid acu gach n-aenla.
12 Troig dan Monaidh-sin a-mach
ni rugsad sil find Fiachach
ind ach gin gurb usu dhul
no gor ling tusu in Tachur.
13 Mag Eochagain inn airm geir
freagrais-[s]iu a Eoghain eisein
tugais asa huaimh th'ealtain
rugais buaidh is bean(s)actain
14 Tugais mhaidhm n-agmar and sin
tugais mhaidm ele a nUlltaib
tugais maidm isa Midhi
rugais ar ainm uairidhi.
15 Da caithmind inadh inill
da cathreim da cuimnigind
badh cainead daib tuaidh is teas [229]
da d[t]air uaim airem th'aitheas.
16 Cuimnigi[dh]-si a cland Gagra
d'uaisleagud bar n-atharda
gibe reim da-neath a-nois
gach neach 'sa geil[l] ra gabais.
17 Cuimnigi[dh]-si ar teacht is' tir
o Clochor Mor mac nDaimin
a luag flaithreid bog fa m[b]eam
bar caithreim ar fhot Ereand.
18 In cluinti no in cumain lib
ca med ri[g] raidit filid
da gabail rig n-ard n-aisi
da shil garg bar nGagra-si.
19 Da-gebthai im libur-sa ar luach
d'aicmi Gagra na ngealcuach
uii rig ag reir gach duini
dib isa reim rigraidi.
20 A haen Eoghan buac gu mblad
a dho Cobthach Find foltglan
da bi se 'gar leas ar lind
in treas ri rab e Oilill.
21 Da gab Grein da gab Caraidh
Gagra mor mac Dunadhaigh
ri seanCarad gu ngne ngil.
rab e in ceathramad cuimni[gh].
22 A cuig Diarmaid is dearb lind
in sesead aind-sein Ailill
gne gach grianmaidni da glan
ar nDiarmaid-ni is [s]e in seactmad.
23 Ortsu a-nois cuirther a chuing
a I Madadhain merchuirr

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nir fheogigh thu a chnu na cladh
as tu a Eogain in t-octmad.
24 Ni tearc da daeinib dhait-siu
do cair eirgi it agaidh-siu
sin ar gach leim ling go grod
*cind fein ar gach righ romud.
25 Beir t'oireacht go hAth nGagra
cuir sa cathreim comartha
tabrad se ar chach maidm sa maigh
gu mbe ar ath th'ainm a Eoghain.
26 A Eoghain ni acaigh sind
urrigh dligeas uait oirrim
a leomain dondfhind mhoir min
rabad fhoil th'oirrim d'ardrig.
27 T'athair-siu a ri(g) ge rug geall
riam o urrigaibh Ereand
a gnuis mor meic meic Cathail
ni lor duit da deagathair.
28 Nirb urail duit-siu a ded glan
ger leor let uaisli th'athar
a i Chathail re teich tír
bheith dat athair 'na airdri[gh].
29 Rabadh uaislidi th'fhuil-siu [230]
damad airdri t'athair-siu
da shuil re hEirind uili
a uir ceibind culbudi.
30 Dabadh leat Aini in fheoir thais
da-gebtha Cruachain cladhglais
sul dathaig da dreach min
da mbeath t'athair 'na airdrigh.
31 Maith lium narb ardri(g) th'athair
a meic i Chuind Cetcataigh
thiugbad a chind Eanaig as
sind da dedail rer nduchas.
32 Smact ni fhetfaidhea ar t'aigneadh
a fhlaith beldearg brageadgeal
is da thonna uabair ort
da longa um cuanaib Con[n]acht.
33 Ge taei gu reitheneach rod
far [fh]as d'ardrigaib umud
na faemh uili le t'aigneadh
a duini saer sliasadgeal.
34 A Eogain da mbeath a-bus
in domhun ce ar da chomus
mairg da tog[h]fadh tir ele
tar scothmag min Maenmaigi.
35 Agad a fhir Atha Moir
da mbeath comas a claechmoidh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

sgoth gach theaglaig ge theid leat
na treig at meannmain Mhileac.
36 Na treig fos Uaran n-aingleach
na Loch nGreini ngealmaighreach
ge ta a [fh]laith Cliach cloch ’na bun
le Loch Riach na caith chedludh.
37 Na treig sliabh Fhuiri in fheoir cuirr
na treig Shucca na Shinaind
na cuir re hAini dh’eghain
suidh a nGailli ngormenaigh.
38 Damhadh daeit-siu a duthaig fein
na treig i ar fhearand n-aigbeil
caith gach fód ra gab Gaghra
a fhlaith glan og osgarda.
39 Ge cuich acu leis badh ail
in crich-sa a aenar d’aghbail
gemadh teannd e ar gach n-aireacht
as fearr a[s] se ar selaidheacht.
40 Urscel agum uimi sin
duit-siu a anam a Eoghain
tig blath re taradh gu tren
as gnath anad re hursgel. [231]
41 Da rig da gab eacht ele
Eiri inis Laegaire
da mac Aedha Slane sein
craeba aille os gach [fh]idbaidh.
42 Diarmaid ruanaidh fa ri teannd
Blathmac ri ele Ereand
da [fh]laith liag da treab thiri
da fear iad ba *enrigi.
43 Da-niad aentaidh dar fhas rath
Diarmaid is Blathmac baghach
faemaid ar ti reidhi a-raen
Eiri mi da gach macaem.
44 Mi mac Aeda Slaine seang
fa he th’ainm ar fhud Ereand
rug geall gach mis is [s]i sin
mi is fearr bis isa bliadain
45 On aentaidh-sea da fas rath
ar da rig ratha Teamrach
da righ nar aentogaig geall[a]
ba thir n-aeltoraigh nEreand.
46 Dib-si ar-aen innistir sin
a cland Gaghra a cland Ceallaig
da mbe a fhlaith braithres no bhaig
is gnaithcleas raith e d’aghbail.
47 Bar crich ma[s] cumhang lib-si
denaidh bhaigh i[s] bhraithirsi

Roinn na Scéalaíge, Col. na Tríonóide, TCD

tig sgel maith gach uairi and
buaini na in flaith in fearand.
48 Bar seal d'agbail nir urail
libsi a maicni Madadhain
no roind duchais daeibh mar soin
o cloind shaeir chulchais Ceallaig.
49 Borb sib-si nar claind Collo
leasg leat t'imlot (a) eatarro
as ead raidit red gruaid ngloin
gu d[t]anig th'uain a Eoghain.
50 Dun Mor da leagfadh gu leir
is dun Mac nAeini aind-sein
da mbeth Eogan 'sa aicmi
ag seoladh creach Conmaicni.
51 Da haichnead t'eidead is t'each
(is) da sgiath corcra is da craeseach
da colg sgaithgeal as garb guin
da haighnead t'arm a Eogain. A Eogain
52 Urusu aicni ar th'[fh]olt fhiar
a ingin mall Meic Ulliam
lor saeiri & geal da glac
a bean *a saeiri at-connac.
53 Buideach me da[d] malaig duind
a ingean ros[c]glas Remaind
bid asa aithli ac tocht a[d] taig
gum aithni ort a Eogain.
54 A Maghthamain is bind breath
da haithcnedh t'uaill is t'eineach
a me[ic] Con Mara [a?] Muigh Rath
da cuir gach cara a co[r?]ach.
55 A cridhi nach tlait toga
a bili blai[th] Boruma. A Eogain ...

13

A eolcha Éireann airde
[RIA 1225 (D/ii/1), Book of Uí Mhaine, 80v]
[Deibhí for the most part, Ógláchas]

1 A eolca Eireann airde
*sloingid do cach gan cairdi
ca lin rig ro gab co grind
do sil mac Milead Erinn
2 Ca lin rig do sil gach meic
do gab Erinn gu hairmnirt
a n-egmais coluidhe an trir tind
anul (?) as aille a nErinn
3 Ce na comflaithe go ceart
dib tug da ceile sealaideacht

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

caidi na comflaithe um nim
nach tug rigi da-roile.
4 Indeosad o nach tig dibh
a comaiream na [a] comrim
edar ceas na ceart geolach
dim tig(h) orsum [air]deolach.
5 As amlaid as comceart sin
uimair a n-anmand d'aiream
line gach rig dib ar leith
do claind an trir gan dicleith.
6 Eremon mumne glan ger
Luigne Laigne & Irial
Eithrial tiagarndnus gan on
Fiacha & Aengus adbal.
7 Rothasaigh Sirna na slog
Giallcad Nuad & Simon
Muredach Eochaidh go li
Conaíng Duach is Ugaine
8 Cobthach meilge ilgleo ard
Condla Oillill feig firgarg
Eochaidh Aeng[us] Conall cain
Enna da Eochaid Lugaidh.
9 Crimthand is Fearadach fial
& Fiacra na findgiall
Tuathal Feidlime Cond cain
Art Cormac Cairbri an cosgair.
10 Fiacha Muredach glan garg
Eochaid Muidmeadon morgarg
Níall NaoiGiallach reim gu rath
raegdri saerriallach Teamrach
11 Ceatrur ceatracha ro-clos
do rigaib go niu argos
ad glemeadon Teamraig [Té?]
do sil Eremon aeda.
12 Ochtur rig don gasraig glain
gabsad Erinn a Laignib
dream gan thathair 'na tigaib
o Catair gu hUgaine
13 Laegaire Labraidh gan locht
Aengus Fergus feig firbog
Crimthand Nua gan eact gan tar
Concobur Cathair comlan
14 Ag sin an [t-]octur gan fheill
do gab a Laignib Erinn
nir gab ri(g) d'eis Cathair cain
rige nErenn a Laignib.
15 Tri rig a hUltaib a-noir
gabsat do sil Eremon

Roinn Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

Fiathach Fergus na n-arm tren
is Eochaidh na n-arm n-athger.
16 Tri rig ele a Mumain moir
do sil orrairc Eremoin
Edersgeoil fa fear fearrda
da Conaire comfeamda.
17 Aenrig a hOrgiall gan feall
(a) Colla (f)Uais airdr(g) Erenn
aenri(g) Connacht na cath
darbh ainm Dathí mac Fiachrach.
18 Seasga rig do rigaib sin
do sil Eiremoin uasail
gobsad sabacloind ni go
re mac Alpraind aile.
19 Coigear ar fichit gan feall
do gabh a hUltaib Erinn
d'irUlthaib is sil iar sin
do clainnaib hIr meic Míleadh
20 Cearmna Soghercaid seol mil
Sena Fiacha & Ollamh
Findechta gan len alle
Slanoll ger & Geide.
21 Fiacha ocus Bearnngal (?) go baid
Oillill agus Find firlaim
Sirlam Arged(la)mar go n-aib
Aed Ruad Dibrabach dímain
22 Cimaeth & Macha mór
is Rudraige na sarslog
Bresal Congal rem gu rind
Facthna Fathach is Eilim.
23 Mal & Caelbud gan crad
a-taid go cudaid comlan
a n-iumair na ríg ní go
cinsead o hÍr aile.
24 Nonbur ar fichit gan feill
do gab do sil Ebir na n-aigleand
gabsad a Mumain gan meirg
dubha cudaid a caemceird.
25 Conmal & Eochaid ard
is Eochaid Mumo morgarg
Enna Munomon gu mblaid
Oilleargoid is Rothechtaigh.
26 Elim is Art latair lir
is Bresraeg mac Airt Imlig
Enna Duach i[s] Senna a-ndeas
Lugaid[h] is Eochaidh (fh)Uarceas.
27 Lugaid Lamdearg & Art
Oillill Find Eochaid amac

Roinn na Scéalaíge, Col. na Tríonóide, TCD

Lugaid Laegech Racthaid ran
Fear Corb & Mocorb comlan.

28 Eadmair saer ar sealaib
faraen is Niad-Seagamair
Indeadmair Lugaid[h] Duach dil
agus Crimtand mac Fidaig.

29 Conmael mac Ebir gu mb[l]aid
ceadflaith morBanba a Mumain
& Cremann fen in fear
in rig fadoig iar creideam.

30 Cuig rig cloinne Lugh[dach?]
Lugaid isa da mac gu mbuaidh
Eochaid[h] Ofach reim go rath
& Eochaid Edgotach.

31 Enrig na n-athachtuath thair
Cairbri Ceindcaid mac Dubthaid
oct rig deg (an) nubair nac gan
Fear mBolg Tuatha Dé Danann.

32 Naoi ríg Fear mBolg um Slane
Rudraide is Gand mar airme
Seangeand Geanand Fiach ar sin
Rindeal Oibgean is Eochaidh.

33 Naoi rig Tuatha De na ndrong
Breas Nuadha Lugh Eochaid Oillill
Fiacha & Delbaeth ma le
Mac Cuill Mac Cect Mac Grene.

34 Da fichit fear a n-egmais
rig meic Milead [?]
nimair a raeg sed go sin
deithneamar cead is ceatrur.

35 Sloindfead dib a-nois gan oil
na rig nachair maid udair
os hErinn fa blad brige
a neach nar gab airdrige.

36 Ni airmaid leo na liubair
Fiacha Mor mac Muredaigh
ni mo airmaid tiar na thair
Bacad mac Eathach buadhaig.

37 Nirba rig e mar anoir
acht comflathas Ereman
ar ndith Ebir na fl[e]adol
airdrig Erenn Eremon.

38 Ceitri meic Ebir gu mbloig
ni teandis cis na canaidh
acht an tiradeis (?) sin
comflathius leo [san?] crich-sin.

39 Comflaithe coigedach caid
gach rig dib ar Banbha bháin

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nírba rígh Mog Nuad nar
ge do roínd re Cond comlan.
40 Comfhlathius imdha athad
mairg dis da tarla a tathar
Derum na Degeag ro-clos
gan rig dib acht comflathius.
41 Na comfhlathe ele um nim
airdrig dib gach aenduine
o cindseadar gan acht
do-rindsedar sealaidecht.
42 Sealaidecht mac Nealatur
sealaidecht mac Cinnada
sealaidechd mac Muimne ma-le
sealaidecht Luigne is Laigne.
sealaidecht Cermna miad ngal
& Sogarce a brathar.
43 Ag sin dib is fa fíri
ordadhu na hairdrige
ni tig neach 'na aigaid sin
a nErinn na 'sin nAlbain.
44 Gu roitheand flathus Da Thi
muna airmecht [leg. -es?] 'ma airdrig
as e a nuimhir gan brig big
cuig riga & seacht fichit.
45 A Meic Muire on Bethil bain
a Crisd corp De an g(a)in comlain
a Ri(g) talman do-cluin ceol
na leig m'anm(h)ain ar aneol. A

14

A fhir fhágbhus inis Cuinn
[RIA 744 (A/v/2), 'Dillon Duanaire', 23b]
An fear céudna cecinit [Muiris mac Briain Óig, p. 21b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A fhir fhágbhus innis Cuinn
Íosa ar th'eachtra go Lonnainn
's ag teacht a-rís sa[n] raon libh
gan sgís fá tháobh do thaisdil.
2 Día eadraibh is olc mara
a n-aimsir bur n-iomramha
dod choimhéd ar ghúais ar ghuin
a fhoighég chnúais do chlíaraibh.
3 Lúirioch Chríosd fád chneas ghealtais
a n-aimsir bur n-éigeantais
tiocfaidh a-nocht do dhíon di
ar gach olc a ghríobh Gháille.
4 Muire Ó(i)gh is Colam Cille

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Pádraic fáidh na fírinde
dod chur slán a-nunn ’s a-noir
tar muir na ttonn go ttriallair.
5 Gomadh síodhach an sál ribh
go teacht dhíbh go fíadh bhFuinidh
a chraobh chnúais gan cheilg gan chol
ar ghúais ar fheirg ar anfadh.
6 A mhic Teabóid a tháobh tais
slán ón turus dár thríallais
go crich Chuinn go ttí tusa
tar tuinn ós í h’adbhu-sa.
7 Usaid[e] do do ghruaidh ghloin [24a]
imsnioch bhoi[d?] do bheith agaibh
fóir Gháoidhiol ag guidhe libh
ar máoidhiomh uile h’aisdir.
8 A-tá an eaglais a fhol[t] lag
ag guidhe gac úair oratt
boicht (?) a-rís do run croidhe
gan sgís acht túr trocaire.
9 Córaide dhoibh a dhreach ghlan
guidhe fád bhreith ó bhaogal
ní tearc file ag fíadhach ort
a bhile grianach Gearalt.
10 Mór d’úaislibh an chláir Chuinn-se
lomnán d’íarghnó ’s d’athtuirse
tré bhar ndol tar sáile soir
a bhráighe sgol gan sgarthain.
11 A-táid fá énbhrón uile
banntracht oiléin Iúghaine
ó ló bhar n-imtheachta úain
lé ró inntleachta an athúair.
12 Feithid fós fáth bhur n-eachtra
no anbhúain bhur n-imtheachta
bráon gach día as tós do thuradh
lé Día bhós bur mbreathnughadh.
13 Budh fáoilidh róimh a rosg glas
fir Lonndan lór do shonas
búdh suilbhir mar sin a mná
ná cuimhnigh ibh a íarghná.
14 Ón rígh do réir bhar ngarma
do-ghebhair úain agallmha
’s ní bhía dáil oirbhire ort
a choillbhile chláir Chonnacht.
15 Ar n-éisdiocht th’aithisg uile
don áirdrígh tré ionmhuine
do-ghebhair ainm tarbha & toil
is gairm amhra fán am-soin.
16 Tiocfaidh sibh ar sén úaire

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

go críchFhuinidh fhérúaine
gan diomdha gan dochur dhibh
go sochar iomdha ón áirdrigh.
17 Aicme Dhíolmhan a dhreach réidh
ór fhás tusa a tháobh soilléir
fúair tú léd mhéin gan mheabhuil
clú séin mar na sinnseraibh.
18 Coiséntar d'éigean nó d'áis
áit bhar sean libh-se a Lúcáis
d'éis bhur ndochair a dearc ghlan
cothuidh léd cheart dho chosnamh. A fhir ...

15

A hógaibh éirgheas fine
[RIA 20 (23/M/30), 491]
Cú Chonnacht Ó Dálaigh cecinit. Duain leanbuídheachta Sur Seain Meic Gerailt
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A hógaibh éirgheas fine
gnáth riamh do réir fháisdine
nách éattréan a sleachta soin
céadfhréamh gach ealta an ógbaidh.
2 Dá ccreidther d'eól gach aicme
ó ló cúmtha an chédmhaicne
nó is meraighthe móid na sean
óig seanaithre na sinnsear.
3 Gidh bé lé a bhfríth fios a sgéal
bun sleachta na sé ccinéal
don tréad do dhea(r)nomh deaghla
éinfher géag a ngineamhna.
4 A tteacht ó ógaibh tar ais
cleachtadh síor a ndiaigh dhúthchais
do nós an ghéigshleachta ó ar ghin
tós céidteachta gach cinidh.
5 Uatha tar óige a n-aoisi
ginter freamh gach foraoisi
'na thoibhéim orra ní an
coiléin lonna na leóghan.
6 Ó íochruibh fhásaid maighre
a meas éirgid ágdairghe
airrghe gach sleachta mar sin
na haibhne ag teacht[a] ó thobribh.
7 Athair seanbheach an saithe
maidean máthair ghrianlaithe
sealbh gach deirbhfhine 'na dheoigh
leanbh ceinnbhile gach cineoil.
8 Mar thig sreabh a taobh tuinne
a-tá air sliocht Seain Caluinne

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tuir chliach fán craobhghlaisi cuill
triath na Claonghlaisi a gcrobhuinng.
9 Beangán a fíodbaidh oirdheirc
tuillfidh d'ainm a huasailbheirt
róigheag bhús fothain dá bhfiodh
coimhéd sochair na sinnsior.
10 Mar éirgeas coill a craoibh fháis
oighre Éamoinn meic Tomáis
budh fáth médaighthe dá meas
bláth an ghéagfhóithne ghineas.
11 Óna aicme go mbéarthar breis[s]
ní hiongna d'íarmhó Mhuiris
lé Seádhanmac Sur Éamuinn
gleóáighshlat d'figh óirneamhuinn.
12 Támhan óg dá n-úmhlaid(h) coill [492]
sgoth a mhaicne mac Éamainn
ceann fóirne taillfhine a ttréd
oighre ár Máiri-ne an mhionghéag.
13 Brat caomhna leasa Luimnigh
leanbh bhús cend dá chathbhuíghnibh
caor bhuaidh bhaile na Traighe
*fer faire cuain ciuinMháighe.
14 Cosnamh na ttuath tiocfa(idh) de
aois leinbh an t-am fá ttreigfi
budh geall ré aithbheóghadh an fhuinn
cend cathleóghan ó cConaill.
15 Ní tearc ann um mhac Mháire
ag sinnim ccrot cceól lúthgháire
lucht grianphort linnbhinn nach lag
um iadhghort tirmshlím na tiubrad.
16 Mór bhfer dán ceard a ccuma
ann lé dréachtaibh díoghloma
d'aois dealbha na nduan snuighthe
ealbha na ndruagh ndersgnui[gh]the.
17 Tilfídhear ré mac Máire
bruach Daoile is slios seanMháighe
nách feas a bhfoighne folamh
aibhne ag meas dá médúghadh.
18 Beithir nách báithfe fala
réalta eoil na heagnamha
bláth clannmhaicne Gréag ar ghoil
géag bhús armaibche a n-iorghoil.
19 Crú ar áirde a n-inis Floinn
beag as maoidhte ar mhac Éamuinn
sgáth fóirne finnGhréag 'na fhuil
roighne cinnghéag Ó gCarrthaigh.
20 Ó (t)táid uimpe uaisle ó tTáil
síol cCearbhuill uim chrú Seadháin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

craobh is líonmhaire do leath
is gaol ríograidhe Róisdeach.
21 Gearr go mbia 'na bhraghaid gill
tris bheó is crithir dár ccoigill
ar ghaois ar dheallradh ndeirbhe
d'aois is d'eangnamh indeilbhe.
22 Mo-chean don fhlaith lé mbeirther
na sleachta uaidh ainmnigther
dár roicheim-ne an fáth fá bhfuil
cách ag aithéirge a hógaibh. A hogaibh ...

23 *Gach codhnach lé a ccleachtar
éisteacht ris na hainbheartaibh
ná bíodh sé ag séanadh na mbeart
a ndéanamh as é a n-éisteacht.

16

A Íosa Críosd, créad an toil?
[RIA 6 (23/I/40), 33]
Don[n]dcha[dh] Mór Ó Dálaigh
[Deibhí, Dán Díreach without internal rhyme?]

1 A Íosa Críosd cred an toil
fa bhfuaruis onóir (a) Eóghain
ní c(h)erd thú ni gabha glan
ní húghdar is ní hollamh.
2 Ní fer togbhala toighe
ni háirseóir fedh mórghoile
ní fer cru do chur go cóir
ni fer eich a ttráth tionóil.
3 Ní fer breactha brog sállóm
ni fer dénta deghlamhond
ní breithemh le mberthaoi breth
ni ceithernach ni cléir[e]ach.
4 Ní fer diadha deirceach
ní hoirfideach ni huirsgéulach
ni hairgheach ni fer faire
ni hoiremh ni haodhaire.
5 Ní brughaidh le mberthaoi geall
ni píobuire phort ccoimhthenn
ni tiompanach tighe móir
ní sgribhneóir luath ni léghthóir.
6 Ní clesaighe coir colla
ni cócuire comhronna
ge taoi am dhiaigh o thigh go thoigh
ni liaigh sibh [i]s ní senchoidh. A I ...

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

A Mheic Dhubhghaill ghéirreannaigh
[RIA 1007 (23/L/34), 218]
Brían na Múrtha Ó Ruairc cecinit da bhuanna .i. Mac Dubhghaill ar teithidh do
[Aoi Fhreislí]

A Meic Dúbhghaill gherreannaigh
ar nach fríth baoghal basgaidh
an bhuannacht do bheirmís-ne
[do] chionn treigion an ghaisgidh
's go bhfuighmis Éirionnoigh
do theithfeadh dhuinn a n-aisgidh.

18

A mheic, gur mheala t'arma
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 110]
Domhnall mac Daire [Mac Bruaideadha] cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A mic gur meala t'árma
dua(i)l duit díon t'atharda[s]
a lámh trén gan tacha neairt
rob sén catha dod ceadbeairt.
2 Ar sean deaghuaire is dearbh linn
a meic riogh ratha hOillill
red chlu(dh) is eadmhar gach arsaigh
do ceadgabh tú in trealamh-soin.
3 Gur meala a meic an íarla
t'iorradh daingean dluithniamdha
nach eaitter aondhorus air
d'eaitteadh taobhsolus treabhraidh.
4 Do mhionn cumhdaidh nar chailg rinn
do lann thana a ttoigh gaibhnind
do caoilshleadh go gceó nimhe
ler sráoineadh gle[o] Gairidhe.
5 Dul at armaibh is am dhuit
go madh í an toisg o ttainicc
a-níar do nuasgoil iomtha
Brian do fuaisgail Eirioncha.
6 Go madh é so an sén da bhfuair [111]
Conaire ceann an morshluaidh
an la do marbh Nuadha Neacht
arm do-chuala a ceidfheacht.
7 Go madh é so an sén dar gabh
mac Deitcin daltan Uladh
gég abla caoimshluaidh Codail
arma a gcraobhruaidh Concubhair.
8 Sen da ttug Midhir meabhlach
an t-arm d'Aongus ildealbach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

toisg dar fogradh Ealcmar uadh
a mbreacbrugh fhodglan fionnfhuar.
9 Go madh é so an [sén] dar chinn
ar Cathaoir mor mac Feailim
fa ri an fear ar fhonn Banba
dar geabh Conn a ceadarma.
10 Go madh í an bhuaidh bearthar libh
dar bean Chormac clair Uisnigh
múr Teamhrach na bfreamhslat bfíar
do trenmac meanmnach Macníadh.
11 A Seaain meic meic Uillig
a gribh corcra an Cruachainuid
cosain Magh sreabhaobdha Sreing
gabh t'iolfaobhra da n-aighleann.
12 Bíaidh gair máoidte acc macraidh *fiodh
gair bhróin a mbailtibh eisiodh
gair badhbh is brainean gcorrach
fad th'arm roighear realtonnach.
13 Do gealladh cráobh da ccoill féin
do sgrios Gaoidheal guirt saoirNéil
a geg cnuais nach cnu falamh
guais mas tú do tiorcanadh.
14 Lugh mac Cein na ccreach rot[h]rom
mur sin fúair fiann dubLochlann
fir threana le teachta a ttroid
sgela a teachta sul tanicc.
15 Máoir Bhalair na mbriathar tteann
ar gcur cana ar chrich Eireann
fa lán d'osnaidh a n-ainbreath
gach clár cobsaidh ciúnaibneach.
16 La n-áon dar fiarfraigh Balar
da lucht fis "an bféadabar
an bfhuil cláochladh coidhce am chionn
fa saorchlár foirfe Eairiond?"
17 "Ni ticc re trean do cineadh"
ar an draoi is do cinnfidhear
"acht oighre t'ingine fein
finnbhile coimhghe a cineil."
18 "Bearaid Eithne an fuilt clannaigh
mac bus meisdi Lochlannaigh
d'fior a siothbhrugh braonghlas Breagh
rioghLu(i)gh caomhnas gach coigedh."
19 "Gearr do go dul a n-ármaibh
tall a gCruachain chráobhablaigh
sioth na mbrugh nglanfallain ngeal
Lugh Manannain na mileadh."
20 Do fioradh faisdine in druagh
(do) geinter Lugh na lann n-ionfhuar

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

blath fionn na freimhe ferdha
Eire a ngioll a geineamhna.

21 Ticc fan macamh mogal ndluith
do lucht comháoisi is comhluith
sluadh sídh ler ceangladh commbaidh
a gealbrugh min Manannain.

22 Iadaid ar tteacht go Teamhraigh
fan stuaidh gcruithgil gcaoindealbaigh
fir dearcmalla Droma Caoin
deagclanna donna Dealbaoidh.

23 Dob é a crioch gur cosain Lugh
Fodla re fine a matha(i)r
guais cur dar-iribh orra
gur minigh Lugh Lochlanna.

24 Ticc don blath blodh na *ngeag
tu as dothcha a mic Margrege
do cur Gaoidhiol fa Ghallaibh
d'aoinfiodh Lugh is Lochlannaidh.

25 Tu leitheid an leinbh roimhe
fada a-táoi 'god tarrngaire
tu bus ursa do crú Cuinn
don Lugh-sa is tu bús tuairim.

26 Tu tainicc mur tainicc Lugh
d'eis t'foghlama a n-iath Saxan
d'furtacht tolcha na ttri riogh
do bhi a n-orchra 's a n-imsniomh.

27 Do bháoi Cruacha an ba[i]rr leabair[a]
red bheth a mbeirt gaisgeadhaigh
sruth Búille is glanMuaidh ad gheall
ni sáoire[r] d'anbúain E[i]r[e]ann.

28 A-táoi ag eirge tre t'armaibh
mur thig *cronn tre clochadhbuidh
ad cruaidhfiodhbaidh fan cas buing
ag fas tre fhuairiomdaidh iaroinn.

29 A-ta fiodhbadh ag fas libh
d'ogbaidh Cruachna an clair linnghil
suas acc easgar tre a n-armaibh
measdar cruas da gceadtamhnaibh.

30 A-ta libh don leth eile
lucht muinte na macroidhe
laoich gealcorcra is daingne a gcath
sailge ferconta Francach.

31 A-ta libh don leth-si a-níar
slan cogaidh fa clainn Uilliam
sluaigh míndhealba caomha o gCais
cráoba fíneamhna Foirgais.

32 Red lucht cogaidh cia gebhus
a-ta libh lucht choisenas

Roinn na Séimis, Col. na Tríonóide, TCD

clar seanabhlach fódglan Fáil
ógbhadh gealarmach Gabhrain.
33 Nior dhealaigh lamh re loinn déud
ag síol gCeallaig[h] dod coimhed
dorncladh socra sioll gColla
corcra diobh a ndearnonna.
34 Beid ar bur sluagh sliocht Dha Thí
siol gCéin ni curtha a neifní
fa barr foirne a laochra learcc
caomhtaigh is doilge dibfearcc.
35 Bíaid red chois cía nach fidir [112]
sluagh Cruachna is cath seainSligidh
fir láimhdhearga na lann tte
rann bainlearga Breifne.
36 Biaid iarthar Connocht fad chuing
sluagh aisdreach iarthar Umhaill
garbshluaidh o gleanntaibh Iorrais
d'ealtoin armhrúaidh eigiontais.
37 Do-dena tu a thuir Cruacan
diobh a ndiaigh do creachruathar
na saorGhoill o guirt Ghaillme
lucht aonroinn is aoncainge.
38 O bhéid linn líon ar seilge
d'uaislibh Fodla finnleirge
ar fhiadh n-eignioch neamhgann Neil
derbam ceadrioth ar gcoilein.
39 A-taid fir na learcc im Loch Riach[s]
rath Meadhba múr na morsgiath
fuinn tsheimhe na ngriangort nglan
le ceile is íarlocht Uladh.
40 Cia he an fer le bfrith reamhaibh
suas ar súr do gealaigh
dar gabh righe ar caomhchlár Cuinn
le claochladh sine samhluim.
41 Se cuigfhir do cloinn Eimhir
umad ní hiul doidheinimh
tu[i]g nach dingne an tir-si thort
innme is isle na iarlocht.
42 Neach dob isle na iad sin
nir fhás roimh acht righ coigidh
no íarla don féin Gallda
a grianga seimh saorclannda. A mic ...

Roinn na Sáeilge, Col. na Tríonóide, TCD

A Mhurchaidh, fuirigh re cách
[O'Conor Don, 289a]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 A Murchaidh fuirigh re cách
ré Galluibh ó d[o] fhás d'fhíoch
na heir(i)g(h) at áonur a ccath
ní maith a mbáoghal mac ríogh.

2 Fuirigh fós re lucht na long
[i]s ré Concobur na bhfonn bfíal
fan re deghmhaithibh do shlóigh
's re sliocht Ferguis meic Róigh a tríath.[s]

3 Fan réd ríoghraidh fan réd shlógh
fan réd chinedh mór maith[s]
fan réd chéim dén go foill[s]
mur as cóir do rí(o)gh a ccath.

4 Fan ré tri caoga mac ríogh
gan fer dhíobh gan feilm óir[s]
gan lúireach is gabhal trén
gan lamhonn ghér (i)'s erreadh sróil.

5 Tadg Ó Ceallaigh na ccolg réidh
tabhair chuige céim tar h'ais
fan ris an doire ccrúadh(a) ccrann
ní bfuil ad ghoire clann Chais.

6 Fan re Cían mac Mháol Mhúaidh[s]
madh áil an slúagh do lén[s]
maith dot choimhéd ar chathuibh Gall[s]
eision 'sa giolla is fherr méd.

7 Slúagh Mumhan is macradh Fáil
a Murchoidh a-táid ad dhiaigh
sul cromus tú sa ccath[s]
fuirigh re Donnchadh mac Bríain.

8 Fan ré Donnchadh deghmac Briain
a-ta ad dhíaigh fiche ceud(h)[s]
[i]s ré maithibh Dhál g[C]ais[s]
nach tteid ara *anais ón éug.

9 Fan re Dúbhloing as maith lámh
madh ál let do dháil a shlegh
[i]s ré Brían na ccolg sgíamh[s]
a Mhurchaidh na triall go sedh.

10 Fir Eirionn ó thuinn go tuinn
is tuillid ar seithche ois
ní anfuinn fedh laimhe láoigh
ar egla mo tháoibh do ghoin.

11 Ciodh maith do mheisneach-sa a gradh
adradh roimh chach sa ccath[s]
h'aghaidh gheal mur mháothshról nderg
do chláochlódh do dearb 's do dhath.

12 D'inneosuinn ría ndul sa ngleic
sgél beg des a[gu]s sé fíor
ní hegla m'fedma féin[s]
do-bheir mo dhealbh ag dul diom.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

13 Léigfider edram (a)s cath Gall
giodh líonmur libh-si clann Táil
as é bhenus diom mo dhealbh
a ttuitfidh orm d'feidhmibh cáigh.

14 Da ttuite mé tuitfid Goill
's bíaid(h) Gáoidhil ag roinn ar cclach
ní hairemhor go ttí an brath
a ttuitfi(dh) lem laimh sa ccath.

15 Gal mná síthe súd sa tráigh [289b]
ag caoinedh áir Innsi hOrc
a-ta an bhen ón Charruic Léith
ag gul go treith ag cáoinedh corp.[s]

16 A-tá dom cháoinedh sa *cCreicc Léith[s]
mo lennán féin ag gul go fann[s]
mo sháoghal ní bfuil go cían
más fíor d'Áoibhill na ccíabh ccam.

17 A Dhomhnaill mhic Eimhín fhéil
do bhuaileadh mor mbeim a sgíath
as mall tig túS an tslúaigh[s]
a Mhurchaid[h] is trúagh do triall.

18 Oighe Murchaidh d'éis an tslúaigh
mac an tshagairt rúaidh da ghuin
ní bú tairise é da tríath[s]
as bud[h] tairisi 'na [dhí]aigh do mhuir.[s] A ...

20

A naomhMhuire, a mháthair Dé
[RIA 8 (24/L/6), 12]
{Donnchadh Mór Ó Dálaigh}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 A naomhMhuire a máthair Dé
guidh liom féin an peacach bocht
a-nnois & uair mo bháis
as truaidh an cás a tú a-nnocht.

2 Guidh go díochra do mhac féin
fá bheith dod réir a ghnúis ghlan
m'fhóirighthin ós é do mhiann
guidh dod réir go mbia do mhac.

3 Guidh an t-athair 's an spiorad naomh[s]
a-rís am thaobh a ghrian bhan
trí persana is aoinDia a-mháin
guidh an ríghthriath slán dom char.

4 Díoghaltus díbhfherge Dé
ní hiongadh é a n-uamhan orm
lér thuillios fala agus fíoch
muna ttaga dhíoth a chur thorm.[s]

5 Seacht bpeaca marbhthacha am chlí

Roinn na Lámhscríbhinní Coir na Tríonóide, TCD

fuaradur slíghe géadh cumhang an treabhs
is comhachta ar an méid budh lioms
gid[h] tréan ós a ccionn um chreat.

6 Uabhar sainnt craos is druiss
leisge tnúith formad [is] fearg
lucht leanamhna a-tá am dheóig
dá ttugus dom dheóin an tshealbh.

7 Deich n-aitheannta dlíghe Dé
do bhris mé gach aithne ar fad
creidiomh daingion acht amháin
do bheith agam má tá glan.

8 Ainm Dé lé hádhbhar saor
is taise naomh a múr cheall
as mionca tug mise riamh
ná ruibe liath ar mo chend.

9 Do choiméd saoire go cóir
gan dul tar fhóir ar an reacht
aon lá da ttáinig dom ré
ní dhearrnuig mé mar badh dleacht.

10 Níor onórus sinnsior riamh
mur d'órduig Dia derbh an sgéal
is cédh anbhfann brígh mo *aomh
do bhiodh a lan marbh lé am bhéal.

11 Níor obus caruid ná cill
fán méid ar ar chinn mo lámh
gan guid ann ar chuirios dúil
(i)s do ghoid an tshúil cuid dár fhág.

12 'Na líontuibh do gabh an druis
(i)s do ghoin mise a ttúis mo ré
mná cuil is comharsan (i)s cách
dá ttugus gradh nár dhlig mé.

13 Fiaghnuise breige faoi dath
lé fonn dom mhaith do theacht lé
uch as mairg do-rín[e] riamh
ós mise an t-ia do-rín é.

14 Ní fhaca bean áluinn óg
oighreacht ór is brug fionn
ag aoinneach nac sannteochuinn iads
da ndeonnadh Dia go madh liom.

15 As mise ar cairde do chuir
an aithríghe céadh tuigse shaobhs
ar iocht mo ré do bheith buan
uch as truagh mo riocht a naomh. A naomh ...

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

A Shiobhán, daingnigh ar ndáil
[RIA 5 (23/D/4), 212]
An fer ceadna cecinit

[O Dálaigh Cairbreac .i. Conchubhar cecinit (p. 209)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A Shiobhán daingnidh ar (mo) ndáil
cuirthear *lea h'inntinn d'aonláimh
far ndáil da daingneachadh ribh
led bháidh d'ainmneachadh uaisdibh.
2 Gan nimhfní gan taom ttaisi
ribh féin do dhruim dhiogruisi
a reala cáigh gan chionadh
deana ar ndáil do dhaingneachadh.
3 Foillsidh damh do dhiogruis róm
deana ar bhfios na féach seachom
go cuibhreach ar ndála duit
a shuirgheach mhalla mhóidghlic.
4 Ceanglam ar-aon druim ar dhruim
rer-oile [a] ingean Domhnuill
san chruth 'na cóir damh-sa is duit
ar n-annsa gan dáil dearmuid.
5 San chruth 'nar chuibhrigh meisi
do chumann am chroidhi-si
deana amhluidh ridhe róm
fadmhaidh ad chroidhe ar ccumann.
6 Do nimhfní d'fuaire na d'faill
na tí tráth éinní eadruinn
do bheanfadh dar-oile ar n-úigh
a chroidhe breathghlan bheagthnúigh.
7 A bhean gan bhreagtha sgoile
a bhrath rúin na rioghruighe
a chuing cheillidhe a chlódh dreach
a ghlor seimhighe suirgheach.
8 A bhos ghreaschaoin gniomh ngasda [213]
a mheanma áith forasda
a ógh amhra an iuil fhoirfe
a labhra ciuin ccomhshnoighthe.
9 Daingneachadh ár ndála ribh
na léig dhíot d'áis na d'éigin
a ghruadh s[h]oidheargtha a s[h]aor nár
a chaor shoineanta a Shiobhán. A Shiobhan ...

22

A shlat leabhar na gcíoch mbláith
[RIA 256 (23/G/23), 199]
An fer cédna cecinit [Tadhg (mac Diarmada) Ó Dala, p. 198] don mhnáoi chédna
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 A shlait leabhair na ccíoch mbláith
tuigfid cách mo thiomna riot

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

dar an leabhar-so bhías am láimh
do bhíos lá ’s gurbh ionnmhuin leat.

2 Sguir dod bhréagaibh déin do leas
ad dhuine leamh na bí a thrú
tugais t’éitheach ba gnáith leat
níorbh ionmhuin(n) liom-sa riamh tú.

3 Dar mo láimh a riogan óg
dá leigtheá ad ghar gom fhíor
a-dúbhráois do rínn do bheóil
ná tréigfeádh mo shearc do shíor.

4 A-tá tú air mire mhóir (nó air mearúghadh)
nó chuaidh dearmhad air do chéill
cá dútha dhuit no cá has tú
dóith do bháis chúghat cé tú féin.

5 Sirim ort air son Dé
a chruibh mur gheis ’sa ghruagh mur ghríos
más é mo threigion dob áill leat
aisig mo ghradh orm a-rís

6 Do-gheabhair uaim mur dhíol ad ghrádh
ná bí dúbhach is bí go sóghach
an tsiúbha thaoiseó do-chí am láimh
ní bhfaghair dam ghrádh ní sa mhó.

23

A theachtaire théid a-nonn
[RIA 6 (23/I/40), 76]
Maolmhuire Ó hUigin[n] .i. An tEasbog
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A theachtuire théid a-nonn
deimhin sgél sgaoil-si romhom
na gabh uaidh tré fhiadh oile
triall budh thuaidh a thechtoire.

2 Os éigin duit dul budh thuaidh
naiscim ort d’uain no d’anbhuain
boing thall fan tí do thoghas
na bí(odh) and ’na amhoras.

3 Go mnaoi *éigin abhra mhoill
beir mo shuirghe a ccruth cumoinn
’s an drong rand-sa um fhiadh nOiligh
triall mh’ansa da hionsoighidh.

4 Ní faca la riamh roimhe
in tí ’ga ttá m’ionmhoine
a sherc choidhche thrinn ag tocht
is bidh gach n-oidhche ar mh’adhort.

5 Mar fuaruis a fhir chomtha
be[i]r uaim cuid da chomhortha
cúis ar meraighthe as [s]í sin
nemhaithni(dh) í & aithnidh.

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

6 Ruisg mhalla go ngné ngloine
do-chife tú a theachtoire
’s gruaidh lethluisneach da lean toil
nemhthuirsech f(h)er da fechoin.

7 Géga blaithe bas leabhar
nac sguir dail an duilleabhar
’s troighthe maillgheala as mín snas
sín na hairrghena a[n] t-eo[las?]

8 Do-chífe cúisi toile
bel derg is déd sneachttoighe
’s a buinne mar bhláth n-ábhla
uille ag cách an comardha.

9 Da bhfechta ar a bfuil a-bhos
congnamh oile dot eolos
’s air a bhfuil thall do thoruigh
ni bhfuil ann a hiondshamhuil.

10 A hainm don sgoil sgaoilfe[i]dh mé
láil finden Choluim Cille
ní ba snaidhm dóibh nac dhoiligh
Boinn ’na hainm iairfoidir.

11 An salamandar a[s] se a samhuil
geintear hé ar[a] hiondhshamhuil
slat do ghelfhiodhach chlann gCuind
a geniolach ann admhuim.

12 Gruag na hóighe m’ainm-se féin
luach mo ghráidh da gruaidh shoilleir
toirrse do-cuaidh a chroidhe
sloinn-si (a) thuaidh a theachtoire. A Teactoi*r*e ...

24

A theachtaire thig ón bhFraingc
[RIA 490 (23/N/15), 151]
O Dála Fionn cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A theachtaire thig ón bFraingc
dámhna cúmha do chédchaint
[rug?] for-íor go héag mheisi
más bréag más fíor innei-si

2 An teachtaireacht tugais leat
bás Táidhg [is] truagh an t-iomlat
do sgéal do chráidh mo chroidhe
féagh mur taim a theachtoire.

3 Mairg (?) duit do dhearbh go fóill[s]
bás rígh Caisil cúis dobróin(n)
bua[i]ne ná gach brón oile
l(e)or a thruaighe a theachtoire.

4 Triath Léamhna na learg n-ua[i]ne

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mór an t-a[dh]bhar anbhuaine
ár ccaor bhuadha ár ccnú chroidhe
do chualla(dh) tú a theachtoire.
Ní bás aonduine a éag-sin
*áighre rígh [fh]réimhe Cáirthigh
rug (?) mo shéan uaim-se uile
do sgéal truagh-sa a theachtuire.
Ní mhairion[n] d'fhuil Ghaoidhill Ghluis
má tá Tádhg ionar n-éaghmuis
neach feasda air a bhfuil mh'aire
thoir o theasda a theachtaire.
Fá chend áirdrígh Locha Léin
iomdha leam duine a ndíthchéil
do-chuaidh mo[dh] chiall uaim uile
truagh do thriall a theachtuire.
San bhFraingc ionna raibhe sin
cuid do shéin mheic Mheig Cáirthigh
nách lia cás a n-á[i]rd oile
fá bhás Tha[i]dhg a theachtoire.
(Do) rugis fá sgaoilledh do sgéil
fá thriath Baoi na mbend róighéir
déara mo rosg uaim uile
truagh do thoisg a theachtuire.
Ní dhingean ní dheárna riam
damhna(dh) rígh Múmhan Maicniad
caoi 'na dhiaidh achd caoi chroídhe
gan *chráigh gé taoi a theachtoire.
Cóir atuirse um Art ó Chaoimh
caoi fá dh[ui]ne cé diomhaoin
muna *mbeag an t-éag oile
n[e]ách don tréd a theachtoire.[x]
Cuirim an t-anam-so air iocht
Míchil as fearr *oighreisi
*mé beir tar crua(gh)as mo chroídhe
don *teagh thuas a theachtaire.

25

A Thoirdhealbbaigh, turn th'aigneadh
[TCD 1378 (H/5/6), 213]
An fer ceadna cecinit [Fear Flatha Ó Gnímh (catalogue)]
[Deibhí, Dán Díreach]

A Thoirrdhealbaigh túrn h'aignedh
mór neach do-níodh neamhchaidreamh
do mínigheadh fá mhúr mBreagh
tar rún mhílidheadh Maisdean.
Ní hiomdha ar ndul fá dhligheadh
menma ard nár hísligheadh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mór bfhéinneadh ion nach bfuil beadhg
do sguir dhá ndéinimh dibherg.

3 [...] d'aithfer ort ná orrthaibh [214]
fá bheith umhal d'eachtronnchaibh
a líachd ríoghdhamna ag réir chniocht
's a méin fhíorfhaghla ar n-imtheacht.

4 Táinic sna tuilibh treamhaibh
tónn úabhair ghég ngeinealaigh
fá lár go léige cionta
lámh ar fhéige h'aigenta.

5 Ré caismert ré cluithibh nGáll
ré seinm stoc ré búain mbúabhall
ré gáir slúaigh ré slatadh ngreadh
ná hatadh h'úaill ré h'aighnedh.

6 Ná léig cairte chláir Banbha
tír Eóghain bhur n-atharrdha
ná smúain gurab duit dleghair
ná lúaidh ar chuid ccúigeadhaigh.

7 Ná bíodhg fá a mbedh ad thimcheal
síad umhad ná hairighther
síol Néill 'sa fréimh dhá bfhuile
ná féach an réim ríoghruidhe.

8 Narab cás réd rosg rionnghlas [215]
gibé tír nó tighiornas
do bhí a mhic Airt gud h'aithribh
a gcairt dhit nach de[o?]naighther.

9 Gaoidhil do-chúadar a gcruth
mac flatha nár dhóigh díomdach
lé búdh éidir gréim tar Gháll
ar éing éigin da fhearann.

10 Rug ar chach do choinnimh bárr
Breatain Saxain slúagh senbhárr
bheth an tan-sa nach nár dhuit
ar asna do chlár Cormuic.

11 Taca ar Ghaoidheal ní guth léam
sgaruid riú ríoghacht Éirenn
eachtrandaigh inar at neimh
re deaghchlannaibh mhac Míleadh.

12 Ní hionann a dhíoghbháil dáoibh
's do chách thort dámadh tatháoir
críoch Fhloinn bur ttír ó thosaigh
do bhóing dhíbh a dúthchosaigh.

13 Níor benadh d'éndruíng oile [216]
acht bodhuing d'íath Iughoine
Éire úaibh-si ó éing go héing
a úaisle fréimhe Féidhlim.

14 Gidh eadh ná hairighthior ort
bheith dháoibh-si a úa Con Chonnocht

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

taobh ré heangbhodhuing d'fhonn Breagh
sónn do shealbhroghuin sínnser.
15 Tusa ar éing nach í h'íarraidh
a oighre Í Néill Náoighíallaigh
gabadh rí ar ndula óa(i) ndleasadh
ní as lugha iná a fhlaitheas-san.
16 Fóghnaidh d'fhior tar éis teaghlaigh
iontuigthe a úa Toirrdhealbaigh
lá gan bhuídhne dá mbedh soin
teach as cuímhghe ná cathoir.
17 Fuilngis Poímp lá dona láibh
bhur ccúmhgha ar ttecht ón Teasáill
créd ná budh fúlngach clann Choinn
cúmhgach an t-ánn do fhuloing.
18 Rí dhá dtrían an bhetha bí [217]
cuirther feacht n-áon an t-áirdrí
lucht Churcháin mar nár chreidthe
a hucht urchláir *Afreicthe.
19 Fá díáirmhe ríamh reimhe
gus an úair-sin d'áiridhe
ar slios tónn dá loinges lán
lóng dá nár choimhdes Curchán.
20 Sgaoilid puible Phuimp máighe
úathadh dá áos comhmbáidhe
deibhlén ré a ais dá n-anadh
neimhlén lais dá laghdachadh.
21 Gá ttám dhó ní dheachaidh leis
a hinis Leisp dá loingis
acht curach tar mhóing mara
ó chóim thulach *ttalmhatta.
22 Dul a-rís aithrister air
a lúing éigin dá eathraibh
d'áit caithmhe nar chubhaidh rí
d'aithle an churaigh ad-chluintí.
23 [T]ug an cruth 'nar cuiredh Puimp [218]
an úair-sin as é a shubstaint
do lucht ínnmhe sómpla ó shin
síghne dán córta creidimh.
24 A mhic Airt ní hionann dáibh
é d'fhulang ar chlár Curcháin
[i]s tú ar ccumhainge um chró mBreagh
mó ná a bfulainge a bfhuilngeadh.
25 As é a bfhúaruis d'íath Uisnigh
samhuil cédna an churadh-sin
ar an ccomha ccróinn ná ceis
go dola a loing an fhlaithis.
26 Ní fiú neach inmhe d'fhaghail
gan étúaloing d'ionghabháil

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

ní séd iomchair in raith ríogh
flaith muna *iomchraidh eissíodh.
27 Do chóir féin gen go bfhúair sibh
altaighid aicme Ghaoidhil
feadh do dhúaluis díot do dhul
an t-íoc f[h]úarais ’na ionadh.
Éruic..... [poem incomplete]

26

Ab fíréanda fada ó shoin
[Maynooth C88, 17v]
Óglách Dé ré dán cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ab fíoraonda fada ó shoin
do bhí a ngrádhaibh Dé dúiligh
sgéal nách dú aonfhocal air
naomhmhanach[r] go cclú ccrábha[i]dh.
2 Mainisdir fá caoimhe cru(i)th
ollmhuígheas ab na manach
nó gur thóguibh na taisi
ó fhóduibh na heaglaisi.
3 Anam ag íoc a phéine
a ccloigcionn cúis aithmhéala
an tráth fá ttángas ’na cheann
labhrus[r] ré cách go coitcheann.
4 Ann sin d[o] fiafruig an t-ab(adh)
“créad dob *ealuíghe agad(sa)”
ag so an té dob fhearr eagnam
sé s(o)a cheann ag ceileabhradh.
5 “Mé breithiomh na mbreath n-íodhan
nárbh urusa d’éilioghadh
níor chuir neach dár slíghe[idh] sinn
breath(a) an dlíghe[idh] do dhírghinn.”
6 “Fuasgail damh ancheist eile [18r]
créad an t-ádhbhar d’áirigh(th)e
do-bheir do chongmháil sa[n] *cheann
gan *neamh d’fhágh[bh]ail nó ifrionn.”
7 “Ó ifrionn do saoradh sinn
d’feabhas na mbreath do bheirinn
do cheal mo *bhaiste (mé) a-bhus
neamh rén fhaicsin ní bhfuarus.”
8 “Do-bhéar féin duit mar dleagh(t)ar
baiste[dh] Dé an Dúileamhan[s]
is triall an anaim tar ais
san choluinn chriadh do chleachtais.”
9 “Teacht tar ais san cclí ccolla
má[s] sé suim ár *bhfuasgalta

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

buan fán cca[i]th-sin is cás cruaidh
’s an bás d’faicsin an athuair.”
10 “Anfad san ionad a mbím
fuileangad fuacht is imshníomh
gan chlódh san choluinn chéadna”
glór an anaim fhíoraonda.
11 Do-ní an t-ab go ccruas croidhe
deoir lé díogras aithríghe
do dhruim na baisi gur bhean
a thuinn bhaistíghe[r] don bhreithiomh.[s]
12 Do dheoir aithríghe an abadh
d’éis an anma d’fuasgaladh
do-chuaidh d’eitil(l) uaidh ar neamh
lé sluagh go n-eitibh aingeal. Ab(adh) ...

27

Abair riom, a Éire ógh
[O’Conor Don, 296a]
Maolmure Bacach MaCraith cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Abair riom a Éire ógh
a sruth *fera a ríomh roshlógh
a leabhair dhánuigh grinn ghloin
nemhuim rathaigh bhinn bhláthmhoir.
2 A lochthobar *fera fíor
a fhoillsightheóir na n-airdríogh
a sruth geal tiormgharg nách tais
a treabh na bfionnbhalg bforais.
3 Ni frith a b[h](f)ionnfhoclach bhog
nó gur hermaisedh orad
sreabh na énbhuinne budh ferr
a ghealbuime fher nÉireann.
4 Leig scceula bunaidh bechta
riom d’fuasg[a]ladh m’aigenta
do glór beó a bhen mo cridhe
ben a cheó dár ccridhi-ne.
5 Cuairt ar Fhódla an fuinn *legghloin
*ma tuc Padraic primegnaidh
sloinn dhúinn a[r] dhaingenghabh thenn
ar aingealmhadh úir nÉirionn.
6 Áirimh ó Láoghaire i-lle
ca mhéd rí do riacht Éire
lámhach riú ag riaghoil na rann
ní bhiú ag iarroidh a n-anmann.
7 Tuigim fhuighle as fíor dhuit[s]
fiche láoch t(r)eora ar tríochoid
fuair an síothbrugh tegh Dhá Thí

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

as edh ríomhtur go Rúaidri.

8 O dhá lá a nEirinn óigs
rann Rúaidri ní ríomh égcoir
ar an dúain ní derna[dh] rann
nemhghar uaim gus an ionum.

9 Gan rann ón ló-sin a-lle
do dhenam d'énrigh uirre
an dúain-se gen gur dhúan grinn
nach truagh d'uaisle na hÉirinn.

10 A Mhuirchertuigh mhic Sáidhbhe
an ccluinei-si a ccanaim-ne
maith a chiall tuig a thoradh
ní bhiam duit da *dernsgnoghadh.

11 Diubraic a maith dar menmoin
musgail a mhic Toirrdhealbaigh
rann tuillidh san dúain gan digh [296b]
uair fuinnidh ann is éirigh.

12 A mhic mhic Taidg ní lór linn
mur fhóire broid fer nÉirinn
ni lór a chiall da ccabhair
triall ar ór 's ar ealadhain.

13 Olc d'fhóirighin na n-oirecht
codladh & ceólchuirecht
druim ré socracht is súan gerr
bú dúal d'furtocht na hÉirenn.

14 Brían do thóg echt oiles
lér chuir dhíobh a ndáoirsine
gerbh obar a bharr bealuigh
cogadh Gall ré Gáoidhealaibh.

15 Fiche cath & cath lais
tug úa Bríain barr an Fhorgais
áolchlacha go lár do lig
d'ágh a n-áonchatha ar fhichid.

16 Mairg dha oighre as é a bhunadh
nach ttairgionn a ttáthugadh
mor do thall senFódhla ó shoin
a nemhfhobra a bharr Bennchoir.

17 Lughaidh Lágha láoch nár thim
mar sin do léig úadh Éirinn
níro iarr a aba soin
's ní bhiadh aga acht a iarroidh.

18 Cennus chláir Fhódla an fheóir thais
dho Cho[i]n Rí réidh do-berdais
nir thriall da fhobra an t-óigfer
's nír iarr d`Fhódla acht áonchoighedh.

19 Nír tharguibh Fionn cían do-chlos
d'Éirinn is sí da chumus
ag sin ar ben Fhódhla d'Fionn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gan an fer d'fóbra Éirionn.
20 Ionann ionnramh dhuit is dáibh
a Briain Bhealuigh Ghabhráin[s]
gidh eadh narab séd samhail
a ghég Bhreg an bharamhail.
21 Fionn & Lughaidh Lágha
Cú Rígh fa rí diongmhála
ferr tionnghotha tre tháom tim
a cráobh fionnlocha ar Eirinn.
22 Gluais mur táoi chuige a chiabh lag
na léig a seóladh sechad
an ré a bfuil d'anullmhagh ort
ar muigh cladhfhonnglan Connacht.
23 Do-chluinfidter budh céim des
bur ttionól an tan ghluaisfes
ad nemghoire a bharr Banbha
sgemhghoire t'arm n-allmurdha.
24 Toigeobhtur leo lor da mbrath
an doire breidgeal bratach
ría coill bhainchleth is oird áigh
gáibhteac a ccoilg a ccédáir.
25 Búdh híomdha os úaislibh na ccath
ráon bratach nach bía ar éndat[h]
eider bróin gormshróil is ngeal
& donnbróin mór mheirgedh.
26 Bía[idh] (a) ttorann mur tairm ealta [297a]
budh cosgrach an chuidechta
risin bfiodbaidh mbáin mbódhba
go n-íodhnaibh aigh énamhla (?).
27 Tóigeóbhtur rias an ttor chleth
onchú dathcorcra dhúaibhsech
clog fráochdha ad-chiú ar an ccoin
nach máolfa riú arna rochtain.
28 Súil uirthe búdh aimlesc linn
ré húathbhasoidhe a hinnill
péist úaibhreac nertmur nemhtrom
rechtmar úaibhreac ingenchorr.
29 Ni mó turnfaighter derc di
lé a mbí d'illrechtoibh aici
san ferchoin óig uir fhergoigh
rechtmoir mhóir úidh ainnsergaigh.
30 Eireóchaidh confadh na con
líonfaidh í d'fheirg is d'fuasgor
an gháoth do-geubha 'na bél
a fraoch ní gheubha an cuilén.
31 Budh mairg berna ar a mberthar
mo-cion trath lé a ttóigeubhtur
an eng ghealchorcra grádhach

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

fherconta sheng sodhánach.

32 *Bú snúadh corcra ar barr slechtuibh
gac machaire a Mhuircertaigh
bía[idh] mar do biadh d'aithle a hair
gac faithche a ndiaig t'each n-ésgaigh.

33 Bíaidh teirce bó a mBeinn Édair
biaidh creacha gan coiméduigh
béid na fáistighe im chenn Cluidh
ní fearr m'faisdine d'Almuin.

34 Bíaidh buidhen ar bhegán ne[i]rt
bíaidh dream le dénam éige[i]rt
bíaidh machaidh go daídhbir dhe
búdh saídhbir achuidh oile.

35 Bíaidh Oilech gan iolur slóigh
bíaidh múr Tailten gan tionól
bíaidh gan díaigh Emain Uladh
bíaidh Temhair gan táthughadh.

36 Beidit teite um Tráigh mBaile
bíaidh raibhthe im Ráith Láogure
biaidh thúaidh od choiméirge a ccath
goiléimhge um Múaidh 's um Murbach.

37 Ní bera a dráoighecht duine
úait-si [a] í Briain Bhóroimhe
ó do roichlesoibh a rí Dor
ní bhí ar foiclesoibh fóghnam.

38 *Murnimh leighius do Leith Cuinn
beith ag mac déidgheal Domnuill
múinim líaigh do Leith Mogha
beith ag úa mBríain mBóromha.

39 Fuileachadh as creachadh cáich
is losgudh núaidhe nemhthláith
gach ní is lochta ar líaigh oile
molta ar úa mBriain mBóroimhe.

40 Budh égsamhail a ucht glan [297b]
bhías sinne is cách ód chogad
ar slúaigh féine go faoilteac
Éire uain go hégcáointeach.

41 Uaim t'fhághla as a (t)haithle soin
a mhic Sáidhbhe is duit dleghoir
do bhí a ndán duit a dhénamh
an lámh do luit leseughaidh.

42 Suidh ar a lár a fhlaith Fert
na dhech ó imlibh th'oirecht
go madh comghar thíar is toir
a chíabh comghlan do chabhair.

43 Imleach mhoighe Fáil na bFionn
Ráith Temhrach tulach áoibhionn
suidh ar certlár mhoighe Máil

Roinn na Sean-Ir., Col. na Tríonóide, TCD

mur suidhe bhrecchlár bhranáin.

44 Glúais chuige gan chéim ttuisligh
luidh síar ar an siubail-sin
rioth a rí as cubaidh an clár
is tí bhunuidh don bhranán.

45 A bhranáin Temhra an taoibh ghloin
dual duit saoirsi saor Temhraig
sáor í ar an dáil dhecraigh[s]
ní hí a-mháin a Mhuircheartaigh.

46 Do bhraithfinn duit a dherc bhán
saoirthíthe bunuidh branán
a chíabh nocht na sreabh solus
da mbeith ort [’na] amharus.

47 Ráth Temhra is Crúacha is Caisiol
Oilec Néid na núaghlaision
a cráobh fhóid braoincriche Breagh
sáoirthíthe [na] [g]c(h)óig ccoigedh. Abair ...

28

Ad-chiú aisling im iomdhaidh
[RIA 3 (23/L/17), 39a]
Aonghas Mac an Bhaird
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ad-chiú aisling am iomdhuigh
bú[dh] fes d’Eirinn fhóidiobhruigh
sgéal nuaidhe nach clos ó chách
a-nos uainne nách anntráth.

2 Do-chonnarc mur [is] léir leam
ag tocht d’fóirighthin Éirenn
drong do laoidhenguibh tar ler
ós maoilennaibh thonn ttaoibhgheal.

3 Do-chiú-sa a ttós an tionóil
ag techt go hiath Éiremhóin
daghbhárca nach dóigh ar muir
fá fhóir armálta Olltuigh.

4 As ann tángadar a ttír
cuan Gaillmhe na ttrácht ttoinnmhín
a fanntuibh a fraoch mara
’s gaoth do bhárcuibh béaltana.

5 Rí(gh) deghbhriathrach Dhúin na nGall
’s é ar tús do-chonnarc chugam
go sluagh sennfhaobhrach cholg ccorr
ón gerrshaoghlach ord echtronn.

6 Gairid d’aimsir dá éis soin [39b]
go techt romhuinn rí Forbhoir
mo-chen toighecht don fhial fhionn
re roinert go hiath nÉirionn.

Royal Irish Academy, Col. an Triónóide, TCD

7 Gluaisid re hannтoil fhedhma
go Cruachuin mhóir mhínMhedhbha
ógbhuidh loinnerdha lann sen
troimealbha Ghall is Ghaoidheal.
8 Nochtar leó dh'éis a n-echtra
táin bhratach mblath mbóirdghreanta
críoch aolmur na ttrágh ttoruidh
ós chlár ccaomhghlan cConchobhuir.
9 Sgaoilid siad da siorthuibh slóigh
mairg re mben tós a ttionóil
óig lé n-aidhmhilltir na fuinn
go gairbhlinntibh fhóid Ubhuill.
10 Léigid bhós bladh dá mbuidhnibh
siar go Sionainn sruthuirghil
gé gur dhoidhéinmhe dhóibh sin
's go glainÉirne mhóir mhaighridh.
11 Tángadar nír thoisg fholamh
d'éis na ccríoch do chuartoghadh
iosdagh buidhnech na mbarc sen
go(dh) Luimnech na ttracht ttaoibhgheal.
12 Ad-chiú ag techt fá a ttuairim sin
don taoibh thall do linn Luimnigh
na laoich toirthemhla ón Máigh mhuill
coirpealbha chláir ó cConuill.
13 Do-chiú ag tocht don taoibh a-noir
Aodh Ó Néill ní fáth foloidh
óigfher gan amhluadh re ccath
's a coigedh armruadh Olltach.
14 Ad-chiú ag tocht don taoibh a-niar
líon cosnamha mhúir Mhaicniadh
d'feinn nach gabhthair 'na goire
do [fh]reimh rathmhair Rughroidhe.
15 Do-chonnarc fós feirde an sluagh
clann Charthuigh fhuilech armruadh
'na ndiaigh ag techt sa tealuigh
biaidh a ccert ag Gaoidhealuibh.
16 Tigid Muimhnigh na múr bhfionn
a-nes ó oirer Éirionn
do-niad nemhdhubh don nóin duibh
delrudh óir ar a n-armuibh.
17 Créd ciall *an chruinnighthe so
leth Cuinn is coimhleath Mogha
a-tá an cuire saorghlan séimh
ar aonmhadh uile dh'éinmhéinn.
18 Aithnim as e as adhbhar dhóibh
an chaor áithesach armshlóigh
sgrios Ghall do chaomhchlár Chriomhthuin
claochládh 'na am d'Éirionnchaibh.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

19 As é as rún go nuaidhe a-niogh
bhrathuim ar macuibh Míliodh
biaidh Cruacha as Cliaidh fa a ccomhtuibh [40a]
nó biaidh uatha ag Allmurchaibh.

20 Cuirfid cath fuilidh ferrdha
muidhfidh re fóir fhinnEmhna
fúgbhuid Goill fódmhuigh na bhFionn
gan roinn ag ógbhuidh Éirionn.

21 Bríogh ar n-aislingthe as é soin
caithfid na laoich ó Londoin
triall tar sál sriobhluaithmer soir
ó chlár fhionnbhruaichgheal Fhiachoidh.

22 Tréigfidh Fódla na bhfiodh bhfionn
ar sgrios Ghall a hiath nÉirionn
a fíoch ’s a faghla fesda
críoch mh’amhra ní héigcnesda. Ad-chiú ...

29

Adhbhal anágh na nGaoidheal (acephalous)
[RIA 744 (A/v/2), ‘Dillon Duanaire’, 28a]
[date: 1655 at qt 36]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Sior Lúcás go lúadh bfortail
anágh don chrích Chonnachtaigh
sdiúrthóir thráichtmhín thréd a threabh
a ég ’s do láintír Laighean.

2 In gach tír thúaidh is theas
a ég gá haidhbhle doilgheas
Lúcás Díolmhan dreach gan neimh
creach ar míonbhan an mílidh.

3 Dob fhiú a ágh ’s a uaisleacht d’fuil
a mhaith a mheanma chonnail
uird Bhanbha uime gan ágh
uille an damhna ná an doágh.

4 Gach maith dár mhaith an duine
(a) Lúcás mar láoch Líathmhuine
nó mar Ghúaire flaith ar bhfonn
nó gur sgaith úaidhe a anam.

5 Dearbh nach bás acht beatha síor
fúair an fhlaith go bfúath míghníomh
’s a thoil do tégadh a ngus (?)
air ní shénabh a shonus.

6 Cosmhail bésa is beatha an fhir
ré sdaid rígh do fhréimh Ghóidhil
deaghúa Cuinn Cormbac mac Airt
borrghart shlat fuinn ar n-amhairc.

7 Áirdrí(gh) Éireann thúaidh is teas

Royal Irish College, Col. in Éigse, TCD

deaghmhac Airt ughdar eicceas
sdiúrtha a ghníomh ’s bá maith a mhéin
don fhlaith ní chríon a chaithréim.
8 Féithle ceangail an chirt ghloin
oighre Airt an iúil fhortail
in gach cró clíleanta an sdiúir
a gcló dírreachta an deighiúil.
9 Slán brégnaithe a bhúaidhbhreath sean
fá áon dá eólcha an dligheadh
slán maithis a mhéine so
fá mhéine flaithis Fódla.
10 Iúl dubáilte is ceart uí Chuinn
a fhéile a chródhacht comhlainn
tearc rí ina bfoighthear fillte
fá chlí froightheadh firminnte.
11 Tráchtar air-sean go bfúair neamh
tré chreideamh dhó don Dúileamh
gion go ccúala an croideamh cáigh
búadha a oideadh 'na orláimh.
12 Teasbhail Chormbaic cumhain leam
adhbhal úaidh anágh Éireann
san am a tteasda tuir Mhis
teasda ann luibh a leighis.
13 Beatha búan an bhúaidhrígh ghloin
(n) árdchlú air go síor suthain
’s bheith ar aghaidh Dé go díl
dár adhair sé go súaithnidh.
14 Dá réir so samhailtear leam
go ndligh Lúcás láoch Ráoileann
bheith go búan san dealbhdhún daith
dúal dá mheanmrún an mhórmhaith.
15 Compráid do cháoimhchéill Chormbaic
cíall cháoin Lúcáis lánorrdhairc
maith do lean a lorg dar lat
an fear gan colg go comhrac.
16 Mac Sir Teabóid toghtha an mac
gion gur chodhnach mur Chormbac
sdaid a mhéine leantair lais
ar bheartaibh céime an chádhais.
17 Da mbeith inmhe áirdrígh Breagh [28b]
aige ’na chúirt do chaithfeadh
mar do chaith lé féile a bfúair
tré mhaith méine go mórbhúaidh.
18 Eidir chách mar cháomhchrann fáis
mairfidh sénmhaith Sir Lúcáis
fear nár thairg cillchlíar do chreim
go himchían ’s gach áird d’Éirinn.
19 Dar leat bá hárdfhlaith d’Éirinn

Roinn Béaloideas, Col. na Tríonóide, TCD

Lúcás go ndeilbh ndeighshéimhsheing
d’aidhbhle anáigh cáigh dá chion
dáil nach rónáir a raidhtear.
20 Inntliocht bhuadhach búadhcheart mbreath
grinne mbeart beódhacht aidhbhseach
’s féile go n-aidhble n-oinigh
tréighe daingne an Díolmhuinigh.
21 Luibh leighis chrécht na gCuircneach
a mhaith dhíadha dhearlaigtheach
tragh don mhaith-si(n) meath dá sódh
creach darab foichse fíorbrón.
22 Báogal linn do los a bháis
teirce daidhbhre díth sóláis
do bheith ’s gach íath thíar dar thil
’s a mbeith go cían a cCuircnibh.
23 Tré mhaith Lúcáis búdh léir gart
fóir nach faiceadh a amharc
bá lán do chion an chodhnaigh
t[iu?]gh an t-ágh don fhollamhnaigh.
24 Méin Sir Teabóid leantar lais
Lúcás lúain céile an chadhais
sáorghart lé slóghdháimh dhomhan
mórdhail dáonnacht dearlogadh.
25 Ríoghmhúr Lúcáis na ttor tte
cúirt bhláith bhúadhLocha Glinne
ré a grésdath tnúdh na tteallach
an mhúr fhéasdach fhithcheallach.
26 Níor chúirt nár chúirt go ndeaghshódh
cúirt mhíadhach meic Eilghionór
cúirt raithrionnach cúirt go ccruth
an chúirt aithfrionnach ordach.
27 Bronnadh fíal fleadha meince
san gcúirt ordhairc innillte
ciúil 'gá gcoimhseinm cáta ar chléir
sdáta ar rodheilbh an ráoiléin.
28 Cúirt a bhfaghtháoi áineas te
cúirt adhach Locha Glinne
cúirt an óir ’s an fhíona sin
’s gan díogha a hóil ag éigsibh.
29 Mór n-ágh bá hágh go ndeaghrath
do chuir Lúcás lúithmheadhrach
ar Loch Glinne na miodh mear
a-niodh linne nach lúaidhtear.
30 Gach rath dár lá ar loch an fhis
úalach trom tríall dá aithris
teichmheach ré a thromúalach me
tonnúalach geirtheach Glinne.
31 Mar tá an loch-sa ó [a]-né go [a]-niodh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan lúth greadh gan gáir bféinneadh
cúis nach near [.....]
beart do *[beal?]ochaibh an bheatha.
32 Mar tá bhanfhlait [...]
[.....]
d'ég a céile crádh linne
lám na féile fairsinge.
33 Anágh d'Éirinn ég an fhir [29a]
Lúcás Frémhann flaith Airtigh
mar gach anáir dá n-éir dí
a hanár ós léir linne.
34 Fada bhús galar go ngoimh
ég búaidhmhic Uícant Díolmhain
d'fhóir a thalmhan in gach tann
dá gconnmhadh cóir is comhthrom.
35 Ég ní hiongnadh dá bfeadhnaibh
Cuircnigh chrodha is Goisdealbaigh
d'ég an daighfhir gá ttás tte
a bhás 's is dainimh dhúinne.
36 Cúig bhlíadhna beachtcháoga a-mháin
sé chéud déug dearbhtha an annáil
áois Chríosd go Lúcás do ládh
grúgcás ón díosg ar ndeaghágh.
37 Tré ég a ttríath teidhm nach tais
éttrén trá a ttúath 'sa n-eaglais
cáoimhfhir ar geabhán 's ar magh
Gáoidhil go n-anágh n-adhbhal. Adhbhal ...

38 *Críoch Theathfa bá bleachtach ba
mór a hágh go hég d'Fachtna
a hanágh dá ég ar tteacht
ronár dár ég a hoireachd.

30

Ag so an t-easlán dar-íribh
[O'Conor Don, 57a]
Máolmuire Mac an Baird cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ag so an t-eslán dar-íribh
ag sechna an ráoin roidhírigh
ré ceó ngalur is ghon mbáis
do thol fhaladh as úathbháis.
2 Ad-chiú sunna sáobh a dhál
othur ainéigneac easlán
a-ta ar [gc?]or ndoiligh ndocrach
fá roinimh ghon nguasachtach.
3 Ni cnédha nach cúis gábhaidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a-ta síad seacht bpriomhaláidh
’gom creuchtnochadh tinn at-tám
sinn an t-echtothar easlán
4 Ocht luit oile och do ghoimh
a-táid is béid rem bethoidh
ag foghail oirne dom áis
do ghonuib dhoímhne díanbháis.
5 A-ta bhós do bharr tédhma [57b]
ar na gonaib gráineamhla
cúig dóirsi dórcha do druid
soillsi d’forgla[r] ní dhénuid.[a]
6 Ní léigid so tharsa as-tech
do leigios mo lot néimhneac
luibh budh tarbha dhamh no dháibh
mo char as dhámhna diombháidh.
7 Na secht mórphecuidh márbhtha
crechta bhús cian comhartha
na secht n-álaigh-si as íad soin
námhfhaigsi iad dom anmoin.
8 Na hocht n-áluidh úd oile
na hocht coirthi collaidhe
gáoi gera lé ngontur sinn
ochtar ’sa bfrémha ó bfhuilim.
9 As íad na doirsi dórcha
mo cedfadha corpárdha
nach leig líaigh an tédhma as-tecch
na berna ’na ndíaigh dúintear.
10 Tú an líaigh nach leigter as-tech
tú luibh na n-áladh n-éignech
tú mo Rí-si a Rí nemhdha.
a Rí-si as tú ar ttígherna.
11 O nach bfuil líaigh na lot-sa
’na luibh fhóirthi m’áladh-sa
acht thú a-mháin a Meic Muire
deit as cáir ar ccomhdhui-ne.
12 Leighis mé do mhuin páirte
bráon d’fhírshreib na híocshlainti
leig do cobhair mo chned ttrom
go ttoruid as-tecch torom.
13 Sgáoil an ceó-sa fan ccroidhe
nocht damh a Rí an ríchighe
lés dod tshoillsi muscail me
osgail mo doirsi dúinte.
14 A Dhé athar na n-uile
ós treisi an truaill talmhuide
trasgair í fan anam lag
lé mbí an chalann ag comhrag. Ag ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

31

Ainic mé, a Mheic ar Seathar
[RIA 8 (24/L/6), 57]
An tEóghan cédna cecinit
[Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith (53)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ainic mé a Mhic ár Seathar
dá mheid mh'agra is mh'éileachadh
druid ón ródhorchacht mo rosg
tug dom thalamhchorp tegosg.

2 Ainic mé a Mheic ár n-Athar
cuímhnig ar mo chruthachadh
am chionntaibh do cheannchais mé
do dhearbhuis tiochttoil óirne.

3 Do cheannchais mé is mé dod reic
a Mheic an Athar oirdreic
luach do laghaigh don uile
fuath a n-aghaidh ionmhuine.

4 Do bhásuíghis dár mbeith beó
do ghealuis duinn an dubhcheó
as tú mo dhísle ón domhan
tú dob ísle (d)om árdóghadh.

5 Tú dod chur-sa a ccruth duine
dom chur-sa a ccruth neamhdhuídhe
tú ag dul a ndaibreas dár ttoil
dom chur sa tsaidhbreas tsuthoin.

6 Dom biathadh do throisg tusa
acht nimh d'ól trém íotu-sa
gur shaor do bhúidhe ár mbuirbe
gur shaor t'úire m'fíorchuimhge.

7 Mo chur-sa go neamh a-nonn
do chur-sa a n-uaig 's a n-ifrionn
iar bhfaghairt chlí 'gus chroidhe
as í an mhalairt mhiorbhuile.

8 Do bhádhais fá bhreith duine [58]
dom breith-si ón bhreath dheamhnuidhe
fiú sibh an t-amhghlan do ghlan
do damnadh sibh dár saoradh.

9 Do-rinis dinn ad dhuine
clann Chríost do chloinn deamhnuídhe
as tú ár n-oighir 's ár nAthair
(as) tú d'óighe[i]dh trér n-an[a]chuin(n).

10 Na trí cló chuibhreach do bhall
daor do cheannchais cuid d'ubhall
tar dhóigh na ndraoithe bhfallsa
sgaoile cháich do cheangal-sa.

11 Tugais damh dúthracht eile

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gnúis Chríost anam ainglídhe
is t'aingeal caomh dom choimhdhe
saobh dá ccaillear cómhóirghe.
12 Bárr dúthrachta ara nderrnais
tig tú d'fuasgailt mh'éigionghlais
lé t'fiort lé róbháidh rúinne
a riocht aráin abhlainne.
13 Mé an chrumh nách comhall t'aithne
mé an phiast pheacadh mhorgaighthe
loghadh mh'aindlíghe a Dhé dhamh
go nghlantaoi[r] mé óm mhorgadh.
14 Mé fós do cheannchais san chrois
mé luach do dhíghe domblais
ná deónaidh ná tréig ár ttoil
ná léig t'feoilfhuil a *n-aisgiodh.
15 Misi an trúghán a-tá sonn
pont criadh 'nar chuiris anom
fá chéad dár bpúntaibh peacadh
rúntoil féach rér bhfíorchomhair.[r]
16 Ar mhéd ná ar mhionca ár ccoire
nám treig ar do thrócaire
ón chaithimnidh cabhair mé
tabhair aithionnramh oirne.
17 Mac mairbh is ádhbhar mairbh mé
tusa an bheatha bheó as buaine
beag mh'olc a ngoire do ghrás
is mh'ocht coire fá chómhfhás.
18 Fiú Muire mur Mháthair Mheic
fiú an Mac 's a Athair ordhruic
róneimh Dé dá reic gé rabh
ainic mhé a Mh[e]ic na Máthar. Ainic ...

32

Airghialla ardmhóra uaisle
[TCD 1340 (H.3.19), 36r]
[Séadna Mór, Ógláchas]

1 Airgialla ardmora uaisle
eirgid um crann craobruaidhe
folta fighthi ar faitche Emhna
caithre Temh[ra taobhuaine?].
2 Teid neach da fiarfaige dh'eolchaib
in sencas beg buadhach-sa
anmanna tri mac Echach Doimlén[s]
na n-a[rm] ccoilger cruadgas[ta?].
3 Na tri Colla cait a rugtha
radhaid sunna senchaide
ca hanmann bhos for a mathair

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gus ’na fathoibh e[rcraithe?].

4 Ca feronn do ghabh gach aoinfer
do na fialuibh forasda
cia thuargaibh in triar n-ard n-amail
gusna rannaibh [.....]ghasda.

5 Cia na hanmanna badar forras
na meic mhera mhíleta
riasiu do gairthe dhiobh Colla
for thuinn droma [dif?]reg[...].

6 Is uaim-si dleghar a n-aisneis
tres na briathraibh binnei-si
a n-iomthús ag boinn na mbeolus
co [.....] eolus d’innisin.

7 Aileach inghen airdri[ogh] Alban
mathair na ngeg nglanordha
Eocha Doimhlen ainm in athar
do thend catha com[hordha?].

8 Uais saormacc Seghnuine dh’Ultaib
do bhi a dalta a ttairngere
togbhus Colla Uais os fhedhain
ar Loch Feabail ainglidi.

9 Ag ri[gh] a dhaileach (?) Raoilenns
na fir-sin a finnEmain
for chairtibh snama doibh tairis
ar Loch radhes rinnFeabail.

10 Menn Modhairne macc righ Malann
ba diomsach a dhofregra
se tuargaibh Colla Menn Macha
do thend cat[h]a croderga.

11 Colla Uais ar uais da thogbail
ar in rí gan rolaige
Colla Menn dob ainm da brathair
do gnathaig a ghlanoidhe.

12 Colla Da Crioch crich a righ-san
re sluag nUlad n-ollbhladhach
da ro mharbh-san Ferghus fogha
ar modh cobha comramach.

13 Ba hiad ceadanmanna na cCollas
do teacht Tailltin tuiredach
misi ag saigid a sil sainsheng
Aodh Caireall is Muredhach.

14 Muiredhach Colla Da Crich Cairbteac
Aodh Colla Menn motaighi
Caireall for Cholla Uais Emna
do gluais sealbha sochaidhe.

15 As e sin senchus na saorclann
fir na gcaolcrann nglainescrach
mur do-cualus in chlann cliarach

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

re Flann miadac Maineisdreach.
16 Maithi na meic mor a bhfine
urraim riam 'ga rédhchlannaibh
fir le mberthi fion as frasloirg
do shil casChoinn Ceadchathaig
17 Ulaid do innsaighsed Eire
a craobhruaidh na cathaighi
ro bud leo leth Coinn gan chionuidh
go toinn mbiorraig mbrathchaige.
18 Meic Echach do fogair Ullta
robsad remra rugatta
do ghabhsad Madh minseng Macha
na tri catha curata.
19 Do shirsed na fir ar Ferghus
feidm gan gnaoi re gnathsholad
deabaid doib-sin fa mur Meadhba
nó dun Emhna d'fasoghad.
20 Do-radadh cath dona Collaibh
gur sgrech badhbh a breacdhoire
laiter Ulaid da fod seilbhe
go cend seimhne sechtmuine.
21 Go n-érbhairt riu Smirdhonn Smirdha
draoi Ferghusa fholtaighthi
"beridh mhisi go toinn Tuaighi
bud me in cuaille cothaigti."
22 Trian leis do chlannaib Neill neartmair
dona Collaib clannmhianaigh
trian do Conachtaibh na uaille
trian gach uaire d'Airghiallaib. Airgiallaibh ...

33

Aistrigh chugam, a chroch naomh
[NLI G55, 195]
Ta(i)dhg mac Dáire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Aistrigh chugum a chroch naomh
a croinn fuair folcadh donnbhraon
dár sgáoil díoghu[i]l a dhiomdha
d'fion(n)fhuil taoibh mo thigherna.
2 Giodh céim bheirid cách chuguibh
tu a chroch an fhin[n] abhrad(h)uibh
lér shín séimhghilchnes sremh ndonn
gidh edh céimnidhfes chugam.
3 Ní d'fuaith díbh ní díth siobhail
ní d'fonn agra(idh) aonionnaid
a ndeinim acht dod dhru(i)d rinn
tug nách téighim fád tuairim.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

4 Ni rech ad cheann a chros-sin
ar chuair[t] aithghirr annbhfosaidh
turus dian nách ionntnúigh d'fior
is mian(n) iompúigh aigniodh.[s]
5 Acht go ttairrnghe[i]r tú lé toil
ionn gac áit ar druim domhain
tusa is tú gan tshiobhal
is tú is usa d'aistríoghadh.
6 Gan athrúghadh d(o)'áit mo chos
do-bhéar liom leór do thurus
tú ad dhréimire ar nemh a-nonn
ar fedh céilidhe chugum.
7 A chroch 'nar saoradh sinne
féchfad d'amharc inntine
sibh 's do chrochaire réad chnes
sochaidhí libh dá léigheas.
8 Do-chímuid is cúis tuirsi
sru(i)th réd th'ais don feachaidh-si
d'fionfhuil donnruaidh choi(s)g ccrídhi
an tóirbhuan[r] tigh[r] ainglí[dhe].
9 Do-chímúid tairnge chinn cruinn
do barr(aibh) inna bhois áluinn
(i)s taobh deargghlan da ríghe ribh
budh *tréagthidh crídhi an cich-sin.
10 Do-chimúid is cúis truaighe
fa dhrúcht fola forrua[i]dhe
gach aonruainne ó fhionn go bonn
don fhionn shaornua[i]dh[e] shulchorr.
11 Do-chím mar do chengail fuil
ré hÍosa an t-édac purpuir
i(o)mle creachtgho(i)n a chneis tseing
déis ar tteachtadh gur tharraing.
12 Do-chím an choróin spíne
mar aithis da árdrígh(th)e
do líon do chrechtaibh a chenn
díol sa chrechtghoin nár cha[i]th[e]am.
13 Féacfad a chenn ós a chrois
claon ar n-ól díghe domblois
's gan ionnad lúighe budh l(e)ór
's a spiora(i)d uile ar n-ealódh.
14 Féachfad sáthadh na sléighe [196]
do sgoilt croídhe ar cCoimhdi-ne
go mbogtha[i]r crua[i]dh *mholadh Dé
d'ochtghuin an uain ainglíghe.
15 Féachfad ar theilg d'uisge is d'fuil
léar baistedh baith(a)is Ádhaimh
frosa an táoibh ar na thregdhad
dáoibh a chros-so is coisregtha[dh].

Roinn na Lámhscríbhinní Col. na Tríonóide, TCD

16 Féachfad *búidhean mbig mbrónuig
lámh réad bhonn do bhanóghuibh
tré bhás Dé ag dearcháoi folar
’s nách léamhtháoi é ag Iobhalaibh.
17 Feachfad budh feaghuin ghonta
Muire ag dáil ndéar ndonnccorcra(dh)
go ndeac(adh) trém chroídhe an gheóin ghuil
Muire Eóin guna n-óghuibh.
18 Go nderrnar combádh cáoinidh
a chroch Dé réad deghdáoinibh
go ccáoinne [sí?] an bás-so ad bhun
do ghrása an tí dá ttugadh.
19 Go ttuga an thí tharrla(dh) ad chrann
spiora(i)d áithrighe ionnam
go ndech(adh) sé ar dear[ai]bh dhamh-sa
feaghuin Dé sa[n] dochur-so.
20 Cáoife[idh] mé tré mhéid mo locht
(i)s tré bhás m’(o)árdrígh dom fhurtacht
máoife[idh] mé m’olc ní holc dhamh
sgáoilfidh mé mh’folt is *bhfionnfadh.
21 Ód-chífe truime ar ttuirsi
maithfe[idh] Dia ar na déaruibh-si
an ghéag réig is réigh croídhe
a éag féin ’sár bhfáilti-nne.
22 Turus mar so as-tig fám thuinn
níor bheg lé Dia acht go nderrnuinn
gach láoi am chroídhe gud chrois[s]
ar áoi an eire do imchruis.
23 Céim ad chenn-sa ó thir go tír
ar ghrádh Dé dia dá dhimbrigh
a chroch Criost créd fa mberthar
éag Criost muna ccuimhnighthir.
24 Ós é turus a tá brígh
cuimhnighthir éag(a) an Árdrígh
gi(o)bé ar domhan dún a *mbéar
ní *doilligh dúin a dhéanamh.
25 Ionnmuin liom do chéile a chros [197]
dá grádh *do-dhéanuin[n] turus
ar a los [ós?] ionnmhuin ibh
a chros d’fíodhbaidh an oirir.
26 Ionnmhuin bos do rígheadh riot
ionnmhuin cenn do chlaon(n) ionnut
ionnmhuin cóm dár caomhthach sibh
a naomhchroch dhonn an Dúilimh.
27 Ionnmhuin troigh do tháith tarrnge
riot is [s]í dár *saorainne
ionnmhuin crú do doirteadh di
dár foilcedh tú mo thruaighe.

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

28 Go mbeire an Rí(gh) rug da thoil
céim ad chrann-sa dár ccabhair
mh'anam da adhbha tar ais
go bhfágham tarbha a thurais. Aistrig ...

34

Aithnidh an gcrích-se, a chlann Néill
[Franciscan Library A25, 168]
Mac Cherbuill Buidhe Uí Dhálaigh cecinit [in later hand] .i. Sgolb is Érinn [in different later hand]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Aithnigh an ccrich-si a chland Neill
fada a-táthaoi gan toirleim
cia an claidh-sin can don gholl-sa
toimsidh dhamh an doman-so.
2 Gan [mh?]úr chloiche an cumhoin libh
mac samhla an fuinn-si d'faicsin
[c?]iobhsa cladh arna ccomhar
fa[n] magh bfionn-sa an bfacobhoir.
3 Do chondchapphair gan chloich bFáil
an fhaighthei-si chland cColmain
gan an ccluimh-si an cumhoin libh
fan ttuloigh n-uir-si d'fhaicsin.
4 Créd bhur ccuimhni caidhe a dath
da bfaiciodh sibh slios Teamhrach
nach [.....?] aoil claighthigh chuir
no an aithnidh daoibh bhur nduthaigh.
5 Caislena geala Galldha
urre d'eis bhur n-iondarba
gan druim faighthe gan crios cclach
gan lios d'aithni gan aonach.
6 Isle a múir is mét a clach
bheirios úaim aithne Teamhroch
brat findfheoir truim da tighe
indeoin Chuinn is Chonaire.
7 Andamh do threabhtháoi an tulach [169]
glor na n-oiriomh n-allmarach
tuirsioch gach croidhe do-chluin
fa Uisneach Mhidhe ar madoin.
8 As e sud morchlar Midhe
a n-aindriocht fa ainbhine
buighne Gall is eolaigh air
a dheoroidh and as urroidh.
9 Gidhbé uaibh-si car ad-cheath
brugh Mhic an Óig(h) no Uisneach
slán don bruigh-sin do-bhéradh
clar Uisnigh ni haithenadh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

10 Codhal do-chuaidh dar cuimhne
Ath Truim tulach rioghbruighne
Ath Luain nocha doilge dol
uain tar cuimhne no Codhal.

11 Faighthe Theamhrach dhá treaphadh
a doirrsi 'ga [n]duaithneaghadh
a múir 'ga ccnámh ag céchtoiph
ni nár dhúin mar dhíghéltoir.

12 Bean a míonshnúadh do mhúr Cuinn
a Airt Mhidhe I Maoil Eachloinn
boing a ccailc do na clachaibh
a Airt i Chuinn Chedchathoigh.

13 Cuimhnigh mullach Uisnigh dh'ár
cuimhnigh an brugh do bhranar
síol branoir bruighne dhá chod
biodh cuimhne ar fhaloidh agad.

14 Dlighe a mheic na mna Gallda
Goill a hUisneach d'ionnarba
gein d(d)e[n] fein a bhoigchneas bhán
scoiltios go léir an Leamhán.

15 Ni budh hiongnadh a fholt cam
um Ch[nu?]co no chnoc bFremann
dod ghnúis neamhdhuibh ghairthe ghil
aithne ar Teamhraigh no ar Thailtin.

16 Teamhoir tugois-[s]i a gáphadh
fuarois Fodla a n-iombathadh
rugois a Airt ar a heirr
tugois asa hairc Eirind (Eirind).

17 A Airt mhic Cormoic Caisil
tóccoibh teagh na Teamhrai-sin
féch an foind-sin Midhe a-mach
a horrsoin tighe Teamhrach.

18 Ni fhaicim ni fhuil go neamh
d'fearonn mar áonach tTailltean
samhoil Atha ttairthigh tTruim
aithghin na ratha o Fhrem[hoinn?].

19 Ni fhuil san chruinne acht crioch Bredh
samhoil do loch luath d'inbher
Eithne is Bóinn is da bheinn
da eithne oir a heineirr.

20 Loch nUar ni fhaca sinde
Loch Leighinn Loch nAinninde
srotha iondalta budh fearr
locha ionganta Eirionn

21 A ri Eithne is aoibhinn doit
suidhe os laimh á lainn airgid
soslaimh óir ar etal tte

22 Saimh lem chroidhe a chath Uisnigh [170]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bur ttionol fan ttuloigh-sin
clair Midhe fa phur macroidh
baidh lem chride a cConnachtoibh.

23 Tiomsuighidh go Teamhroigh bFail
fosdoidh me a mhaicne Cholmain
eagroidh bhur mbruighin san mbrugh
suidhid eadroibh bhur n-ollamh.

24 Do-fhetor me as mor do dhoirr
riom-sa a mhic I Mhaoil Eachloind
gan dola doiph ad deaghoidh
cóir a fhola ar th'fhileadhaibh.

25 Urasa a buain as a bun
fior an droighean 'na dheoroidh
me an droighion os da dhímheas
ni oireaph ar aindileas.

26 Rioghroidh Teamhra ag teacht a bruid
a héintír ni hé(t) thiaghaid
ealbha as gach dún ar domhan
fa mhúr Teamhra ag tiomsughadh.

27 Cland Neill Oiligh aicme mhor
cland Neill Teamhroch ag tionol
cland Cholmáin 's a ccland a-noir
'na ccomhdháil thall um Theamhruigh.

28 Lamhoch ag laochroidh Mhidhe
d'iondarbadh na hainbhine
tuccsad fáithe róimh raphadh
doiph ga ttáithe ag tiomsughadh.

29 Do imris cluithe ar chath nGall
á i Choncaphoir Cúaland
tugais cophoir do chloind Eirc
Goill 'na n-aghaidh ag imeirt.

30 Nocha dearnadh ríamh róimhe
d'olc fa inis Láoghoire
bur n-easrain fan Midhe a-mháin
a bhile cneasban Colmain. Aithnigh ...

35

Álainn claochlódh na Cairrge
[Maynooth B8, 87]
Fearghal Óg Mac an Bhaird (?)
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Álainn cláochlodh na Cairrge
mionn súl Éireann easgairge
róimh fhileadh árais na nArt
sighion chádhais na cConnacht.

2 Cúirt Mháoil Rúanaigh an roshlóigh
coitchenn ghnáth ghuirt Phártolóin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

iosdadh lannglan Lacha Cé
go n-amladh datha a nduibhré.
3 Domnus fa díon ar chogthaibh
loingsioch Thaidg treabh Tomaltaigh
sdiúir annsa oiléin na bFionn
soiléir san am-sa a hinneall.
4 Tárraidh imirce an úair-se
dar núadhaigh sí a seanúaisle
adhbha go n-iollradh sochar
fioghradh anma an t-athrachadh.
5 Dár chéimnigh don chur-sa a ttír
d'inis Locha Cé cnismhín
sonn a ndáil Gháoidheal is Gall
sáimh an áoibheal no-s adhnann.
6 Taighleach taithnemh a brollaigh
ós bhrú an cainéil chiúinthonnaigh
ráth innilte an áolgrúaidh the
ráonbhúaidh n-imirce uirthe.
7 Coimhdhes a ccenn na treibhe
an cairp[d]each 'san coisighe
treabh nach cailg file na fáidh
slighe as gach aird 'na horrlár.
8 Toirtheach don tracht nar chomhnaigh
os Loch Cé an chlair órcholbaigh
ar cionn ghasroigheadh bfear bFáil
treabh na snasmoigheadh sodháin(n)
9 An lerg álainn rér áoi sonn
dar chédainm Cnoc an Ghabhann
a hégosg ríamh roimhe so
cían or-oile 'sa[n] t-am-sa.
10 Coimhidhches nach cúis osnuigh
gach sgíamh núa a tta an tulach-sin
do-fhionnmáoid ní náir a-no(i)s
sáimh gach iomláoid ar fheabhas.
11 Tárras[-s]a an ttulaigh ródmháoith
'sní hí ar ccuimhne chédógláoich
'na rían forbhaisi fecht n-aill
beart da hormaisi aguinn.
12 Do-chonnairc í an uair fa coill
imle cuanna a cladh ndíoghuinn
áite téagairthe a treabh nocht
seal da cédaithne ad-chonna(i)rc.
13 Gan rionnadh mbreachta ar bhord mbláith
gan brath síoda na sionnáith
gan aidhbh cceóil do-connarc soin
fa tromfholt bhfeóir is bfíoghraigh.
14 Tulach cáoin Chnuic an Gabhann
sáimh an úair-si a hiomtaghall

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do-chí an chaillgheal glaisshlim glan
taibhreadh nach aisling uathmhar.

15 Tug éccruth ar aoibh sochma
tug fíanbhotha fhulachta
ar ríoghbhrugh nach ród biodhbadh
líonmhar n-óg is n-inghenradh.

16 Carracc Locha Cé as cáoin sdair
ó thug Brían mac Bríain dúanaigh
go tulaigh na ttirmsreabh tte
ní cumhain imneadh oile.

17 Mac Díarmada dhúin Meidhbhe
búaghach bláth a imeirge
ar chúirt Lacha cráobhaigh Cé
fatha áonaigh is uirre.

18 Fear tug 'na ttolchaibh áonaigh [88]
fánta a bfoithreadh mbiothbhaoghail
leabtha droibhélta a damh seng
goibhélta a magh 'sa máoilenn.

19 Maith sén dar chinn an Charrag
leis don Chéloch cubharrod
croidhe mícrúaidh mac Meadhbha
slat go ccriochbhúaidh ccinnemhna.

20 Ógdha rath a riocht doilbhthe
soinmhec aige a hathraighthe
maith tráth do iomlat orra
fáth a n-iomlait etorra.

21 Iomdha a-niú a hughdair acla
a breitimh a banntrachta
lucht cluithe on cíallda gach sdair
a sruithe a fíana a feallsaimh.

22 Amlach cráoibhredh a corn mbreac
goid sgíthe sgíam a háoilleac
crúdh ainchena a n-áille a fuinn
sáimhe a faircheadha fulaing.

23 Díol taithneamha tlacht a múr
fioghracha a froightheadh snasúr
go mbriocht bpíasd n-iongnadh as n-én
go bfioghradh íasg na n-aigén.

24 Geinntligheacht gátta toile
agá finndribh fúarghloine
go sreith leabhar as craobh cceóil
dar grenadh áobh an aigheóir.

25 Ní héidche an t-oireach menma
sdairtheacha a sdúagh loinnearrdha
sgríbhne a clár ndlúmhaclaidh nderg
lán do rúnfhoclaibh rithlerg.

26 Réim ésga ag éirghe ó bhrataibh
cédfadh cháigh da hiomlataibh

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

rinn áoibhe gach tráth ar an treibh[s]
sáoire sa chách a caidribh.

27 Do-chonnarc Cnoc an Ghabhann
na ttracht ndairghech ndubhadhonn
fís da ttáraidh tegar lán
eagar sághail go sodhán.

28 Róimh choitcionn ar cionn áoidheadh
don dul-sa a n-iath fhionnGháoidheal
lerg bhennghlan nach bí gan fhios
dar deghladh í re hainchios.

29 An maighen fan meirbh dérfrais
líontar d'echra a hoirmhénais
líontair a múir do mhacraidh
'mun bfiontoigh n-úir n-ilrachtaigh.

30 Líontair a léibhinn chaithmhe
go ccaitháoiribh cumdaighthe
d'uaislibh sochaidhe crú cCuinn
a-nú um chothaighe ó cCríomhthuinn.

31 Posd a ríaghladh do reir uird
ag cuirt mhóir Mhuighe fionnLuirg
coghnach Báoille Brían Seghsa
grían áoibhe na hEirionn-sa.

32 Sighneóir síthe & cogaidh
drithle as dísle beóchogail
sgoth innimh echtphóir na nArt
féchthóir grinnil na nguasacht.

33 Brechtaighe bruighean n-amlach
foirm cumhdaigh chesd n-ealadhnach
fírghein go bforaire a rath
sgríbhnigh maruighe marcach.

34 Troigh bhiothfhliuc go mbúaidh ccinnidh
fál na bfearann leithimil
sgíath ráonChonnacht rélta lán
saorclannacht bhréagtha bannal. Aluinn

35 Molta tré Mhairgreig a Búrc [89]
Magh Luirg da lenann fíondrúcht
mhóras lagh Cairge na ccrech
*toil gach cailge do chuibreach.

36 Súgh ochta Ír is Serlais
pailm Mhoighe hÁoi fhóidfherglais
gnúis ríoghnamhail nach doirbh doirr
go bfoirm fhíordhomhain alainn. Alainn ...

37 Mag Aonghasa a hEamhain Finn
mac Díarmad[a] Dhúin Oirill
soighneach órtha an clár Cuinn-si
cladh orchra as da n-(f)abairsi.

Roinn Lúibíg, Col. na Tríonóide, TCD

An bean pháirte páis Íosa?
[RIA 1068 (24/P/13), 39]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 An ben pairte páis Ísa
mor baocchal in beogrísa
an bfhuil sí dún mur derair
fuil na dtri nglún ngenelaigh.

2 Fercc Criost in gcuirfedh tar ais
páis in Righ relto an eolais
nemh ar a horroim dob ail
ben a comainn do connmáil.

3 Páis oirdeirc oidhre Mure
ben comainn gach Cristuidhe
truma a chomhgradha da cloinn
urra congmála in comainn.

4 Ar traidh ar hfer don fholaidh
no an bfhuil an t-áth eddomain
an mbiadh sreabh an táibh ’na tráidh
re fedh a ghail do gabhail.

5 An gcoisfead dim a diomdha
frithain taibh in tigherna
do leicc a thoirrches rúin rinn
oirches suil ris an soininn.

6 Páis maithmech Me[i]c ar Sethor
as córoide a chuitechadh
do fhéud sé gan í d’fhacchail
fa Ri é ’sa hingabhail.

7 Sleacch ’na cridhe bir ’na bais
dul fan lícc leabaidh othrais
ni fa rún do redhigh ruinn
an glún do eirigh adruinn.

8 Gnath in coir da cur a bfhad
d’egla coccaidh na carud
do mhaith in cóir dar gchoimdhe
maith do-cóidh an comhairle.

9 An eochair leir hosccladh nemh
fuil Ísa an úair do doirteadh
sil Ébha nar fhoir an fhuil
sccéla co foill na fiarfuidh.

10 Eric Criosd ara chinedh
budh cumhain nar cuitighedh
do-gebhtur fos fala a chnedh
an cara ar tós in tuigter.

11 La córa re cloinn Ébha
do gabh Crisd cúis aithméla
rucc tóir ar mo lucht lesa
in chóir re hucht m’aidhnesa.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

12 Nochtfa[idh] Crisd an bhur ccomhair
na cnedha do-chualabhair
ag techt ar ath an fhethmhe
bert gan fhath nirb imimthe.
13 Dia athor da n-agra in cóir
séla ar gcendaicch sa coróin
bidh fad comhair a chrú an croinn
nach tú budh omhuin orainn.
14 Cethre cnedha na g[c]ló maol
cuirfid m'aighnes[-sa] d'aontaobh
sa tsrebh dearcc d'fhuil an ochta
an gcluin an fhercc íasochta.
15 An tshleacch do bi trid tarsna
ler slánuicc(eadh) Día in domhan-sa
sleacch reir cosmail ar gcoimhdhe
ben cosnaimh a comairghe.
16 Cuig ardgona oidhre in Ricch [40]
lór do mucadh ar migniomh
madh oirbeire um cend na gcen
geall rer gcoimdi-ne in cuiger.
17 Da dtuccadh d'aonguin ele
maithemh cen do choillicche
do bhir na mbonn do-beuradh
tróm an cin nach cuitebadh.
18 An troigh a dtarla an tairrnge
do-ní a chin dom comairghe
gidh é an taobh do dhercc an dall
a gcerd ar-áon as inann.
19 Sreabh dearcc ó bhir na baisi
cuid eli da fhiadhnaisi
nir testa dar sidh acht sin
ar bfhior testa ag na troicchtibh.
20 Mar dho coiscc cnedh an croidhe
cinta na sé sochuidhe
coisccfid[h] núaguin bera an buinn
na cena as uamhoin oroinn.
21 Da n-agra in ícfa sinn^{s}
fuil Mhe[i]c ingine Iaichim
íc ina hfuil ní fhuidhe
do muidh tríd do trocaire.
22 Ní creidfinn na budh dín damh
fuil maordha Mhe[i]c a Matur
a-tá an fhuil madh eccen (?) ann
go bfhuil 'na heidedh umum.
23 Biaidh in croch be[i]d na bera
leir cendcais clann tshenEbha
'gar sáoraidh-ne ar guin do glac
an bfhuil aonaighne agad.

Roinn na Scéinge, Col. na Tríonóide, TCD

24 Deoch dar n-annsa do ibhis
nemh do chnedh nar cuimhnicchis
do muidh tonn grás as do guin
do bronn do bás dod bidhbaidh.

25 Do labhair linn lá ele
dil luaicche lucht impidhe
guin an cícch ma ta ’na tocht
an lá nach dín a daonnacht.

26 Da n-airminn ar daileadh damh
le bás aonoidhre an athor
an té as urra rem fostadh
as é as truma tuarustol.

27 Do-gebhtur ath éiccin air
coir antur re húain gcalaidh
íc ’na bhás dím da ndechadh
grás in Ricch da reidhechadh.

28 A luach ga lá do-gebhtur
nir fuilngedh ni fuilengtur
ar fhulaing d’ulc a fhine
lucht fhulaing a oirbire.

29 Oidhre an Ricch do reac a fhuil
la ceandaicch cloinne hAdhoimh
ma dho maith doibh mur derur
maith do-choidh gan cuitecchadh.

30 Don dall ler corcradh a chich
do maiteadh éric airdrícch
dul fa breith Dé nir dochur
a bhreith dob é ar n-anocal.

31 Do brost thuas threisi thoile [41]
techtaire na trocaire
dar n-iarraidh-ne a-nuas do nimh
iarraim-ne súas in slicchidh.

32 Do seolfainn duit-si a dhuine
slicchthe na se sochuidhe
len don ticch ’na choig cride
ag sin róid an rit[h]icche.

33 Slicchte an báis bidh ar h’aire
berna ar[a] mbía foraire
an úaidh re bel na berna
féucch a n-uair na himerghe.

34 Coinne ag sil Adhoimh uile
la na breithe baocchluicche
lá oile do-roinne rim
goire na an coinne coitcinn.

35 Dob eccin oiremhain di
suil rucas eolas uirre
an clí no gur fheall oirne
dob i cend ar gcomhairle.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

36 Ni fada legthir ’na laimh
a bfhúair do duille in domhnain
fúair si a sheal dona séudoibh
an chlí gid edh aisecc<u>aidh</u>.
37 Im<u>da</u> sa rulla roimhe
sccé<u>l</u>a thúis a t<u>r</u>ocaire
sil Ébha beuroidh a broid
sccéula a dheiricch na d<u>er</u>moid.
38 Do coisccfedh in cáor no an cnú
ag<u>r</u>a an athor ’na fhincrú
beacc a<u>n</u> ní as coimhdhe <u>da</u> cloin<u>n</u>
a mbhí oirne a<u>cht</u> ar n-acfoin<u>n</u>.
39 Ma beacc mór a ndingnom dho
léccthir adroin<u>n</u> is Isu
rach<u>aidh</u> mu<u>r</u> do-chuaidh in cran<u>n</u>
a rathoil uai<u>n</u> ní f[h]aghan<u>n</u>. An bean ...

37

An comhall céadna ag cloinn Eoghain
[RIA 475 (24/P/25), Leabhar Chlainne Suibhne, 80v, p. 154]
Pád<u>r</u>aig Ó Gni<u>mh</u> c<u>e</u>ci<u>nit</u>
[Séadna, Dán Díreach]

1 An cu<u>mh</u>all cédna ag cloi<u>n</u> Eóghain
úaithne an ghaisgidh as [s]é súd
coin tsheilge re cách n<u>a</u>c céill<u>idh</u>
ar sgáth meirgi an éinfhir úd.
2 Leantu<u>r</u> leó da meirgi máothsroill
na Mic Shuibhne o sheanrea<u>cht</u> sgol
m<u>er</u>gedha sénta shil tShuibhne
do bríogh é<u>ch</u>ta a nduilge ag dol.
3 Mac Suibhne a ndeab<u>aidh</u> nir diongb<u>adh</u>
ni dóigh t<u>r</u>oda d’áoinf<u>er</u> é
<u>gan</u> t<u>r</u>oimrí<u>ar</u> Domhn<u>aill</u> (?) d’fhíagh Fhuin<u>idh</u>
a ngr<u>í</u>an com<u>h</u>l<u>ainn</u> (?) suighidh sé.
4 Sgís nar mith<u>idh</u> le M<u>a</u>c Suibhne
ar suidhe dó a ndegh<u>aidh</u> cen
snadhmtu<u>r</u> tegh ar fhoghail úaidhe
sl<u>eagh</u> a n-agh<u>aidh</u> tuaighe in tegh.
5 Mac Suibhne re ccách a cclíath<u>aibh</u>
ar cor ngli<u>adh</u> ni gabhan<u>n</u> geis
dob fhiu an ain<u>m</u>ne fhu<u>air</u> a n-égen
t<u>arr</u>ngi a ttúaigh n<u>ar</u> leg<u>ead</u> leis.
6 Do shíol <u>Con</u>aill is cra<u>n</u>d fos<u>gaidh</u> (?)
feidhm a túaighi a t<u>r</u>eas g<u>a</u>c lá
Mac Suibhne mu<u>r</u> tá sa tendta [81r]
is lá su<u>ir</u>ge meallta m<u>n</u>á.
7 As fiú a ndáilend da g<u>a</u>c deór<u>aidh</u>

Royal Irish Academy Col. in Éigse, TCD

dul ar ccúl nac iarrann uadh
cred an fáth fa n-anann áoidhe
gnath tagall in táoibi túad.

8 Le fertaibh féile do fóiredh
ferg na n-áoidhedh da gach tail[a]
suil ar an túaigh ag dáimh dhoiligh
do-chuaid do tráigh oinigh air.

9 Sgís ar Domhnall a ndíaigh fhoghla
narb iongnadh dó suidhi ar sléib (?)
beirid gac fer uaidh a fhogha
an tegh súain a rabha a-ré[i]r.

10 *Téd da n-uamhan fa iath Uladh
nac antur ru tiar no toir
a tríath féine ag blagadh bruighne
omhan fréimhe Suibhni sin.

11 Do serc Domhnaill 'gun ord áoidhedh
gac fer díobh mar giall a nglas
ni aghaid rompa acht Ráth Máolain
ni gnath tochta ar aondaim as.

12 Mac Suibhne nir aomh a éra
gerb ainbret re iarraidh é
cor riogh da uille don fhilid
ar suidhe um fhíon siridh sé.

13 *Ted dót uaman a n-am éigin
bur n-éra a Domhnaill nar dóigh
do chuaid (?) a séna d'fhíagh Oiligh
riar h'éra ge doiligh dóibh.

14 Do laghdaigh toil ríogh ag ríoghain
do ró serci tríthi ar tocht
do gabh at aigidh tre inntleacht
bean do airigh imteacht ort.

15 Ted fad maoinibh a Mic Suibhne
mur sin leo berther do búaigh
an í sin an cliar o cianaibh
do-geibh ríar gan iarraidh úaibh.

16 Dob fhiu an ainbreth o fhuil Eogain
gac aon tarrsa seacnaidh síad
dligid cliar ar fein a *aibhter
'na bfhiagh fen nar haithnedh íad.

17 Dod cuartaibh mionca a Mic Suibhne
shiobhlach ar fhéin teas is tuaigh
da mad beg ni fhuidhe fhoghlaidh
cead suighe 'na adhbaidh uaibh.

18 Ted a Domhnaill d'úamhan fhoghla
iath biodhbad gac tráth fad toil
a luach nir ibh d'fhíon an cobhlaigh
an diol do-beir fhoghlaidh air.

19 Ni gabhann sé a cl\ (?) ar comhtaibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan cor gliad (?) orta nirb ail
mur tig a ferg ar fhedh n-ádha
nior gab na searg cána cáic.

20 Tuillidh Domhnall bladh nar bernadh
tar bronnadh cáigh do-chuaid sé
gan fer a dáilti um fhíagh Uladh
riar cáinti far umhal é.

21 Nir gabh a éra a n-am éigin
a ferg fhedhma an úair do las
an t-ath fa aoinfer na tuaighi
sgaoileadh ar các úaidhe as.

22 Dáil na sleigi on Coin-sin Cuailgne
cosmail ris an nós do-ní
ge nach dleghar dail na túaighi
berar le dáimh úaidhe í.

23 Tigid fa mergi Mic Suibhne
síol Conaill a-niar 's a-noir
tós do cách a mberna benaidh
is [g?]náth ealba a ndegaidh doim.

24 Ben riogh a n-iolreacht[aibh] iomda
d'fheghain[?] Domhnaill s(h)ínigh sí
re nóin an láoi ar lenmuin oighi
dealbaidh 'na mnáoi oili í.

25 Clesa móirfhedhma Mic Suibhne
sa[ith?] d'einfer do-chuaid 'na cló
ni beim sin ar fhoghluim fheinnedh
toil Domnaill do denamh dó.

26 Fidhbad cnúais go mbí 'na bachlaibh
do briogh radhairc a ruisc cuirr
ród riogh a bFhánaid nach bfhaghair
tanuig do briogh toraidh truim.

27 Do mínigh muir fa Mac Suibhne
gac sriobh fáoi a ngemheal (?) gan glór
ni teid sin tar glúinibh gési
goil fan tshúiligh d'éisi a hól.

28 Ni beg d'aithne deghgniomh Domhnaill
gach dúil balbh go mbí 'ga brath
nach bí a Fánaid acht tragh tana
tánuig do clád mara a-mach.

29 A bhfaghann remhe ar ath n-éigin
gan aoinfher diobh nac bí a mbroid
fer da shleag is earraidh úaine
meallaidh fear na túaighi a ttroid.

30 Ni ar a laimh da mbeth gan bronnadh
na bidh sé 'ga airemh air
ge tarrla ar an mbrat búaigh suirgi
ni búan ag Mac Suibhni sin.

31 Da ceolaibh (?) súain ar fedh foghla

Royal Irish Acad. Col. na Tríonóide, TCD

fuaim sriobh as glanfhuighi gell
do leig uille ar an tuaigh tana
luidhe suain a rabha a-rer.

32 A mbí 'na aghaid d'fhuil Eoghain
ni héidir leó a beim do búain
d'aiceacht Domhnuill ag crú cráoidhi
clu comhlainn na táoibhe thuaidh.

33 Do bí do tes deabhta ar Domhnall
re dáilemh cúach n-óir nar an
tar éis cen ár cclodh da ógaibh
fledh da hól a brogaibh ban.[x]

34 Minic bíos tar íathaibh oile
san eing tíre a ttéid gac sgol
fa ingin malla M[e]ic Suibhni
damha a [n]gleic 's a ndoilgi ag dol.

35 Ben darb eól a clú do cosnamh
fa crích Cobhtaig sínigh sé
cend sgoile 'na giall ag Gráinne
riar oile gac laimhe lé.

36 Beth a n-aghaid iuil na bfhiledh
le fer a hiomtha nirb áil
ni heider labhra ar gniomh Grainne
da tarrla diol daimhe a ndán. An cu ...

38

An mbéarthaoi dhá uair Eimhear?

[Sir Con O'Neill's Manuscript; National Library Microfilm NLI Positive 6671, 101r]

[Deibhí, Dán Díreach]

1 An mbertháoi dhá úair Eimhir
snúadh corcra nach ccaithfidhear
folt bláthbhárrtiugh da mbí toil
nó an *gnamaithfiu a siodhaibh.

2 Nó an ccuinneobhdaois beó a bharr slím
an fé fía no fledh Gaibninn
gan loighe n-áoisi a n-úr ghlan
aran mnáoi-si ó Dhún Dealgan.

3 Nó an tríd nach ttiocfadh ría[s]
tobar a-tá san Inndía
sí d'fothrugadh a gruaidh ghil
san lochthobar úair éigin.

4 Nó an ccuinneóbadh 'na cruth féin
o céadbhreath a cneis thsoilleir
[a]r dreich ghil bfhiorgloin(n) bhfolluis
le digh mbrioghmhuir mballsamu[i]s.

5 [Nó?] an bfhioghbadh an úair as fíon
digh chóig ccétfadh do choimhdhion
cneas núa(dh)bhán nach séimhe sról

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a bfhúarán Sléibhe Si-óin.
6 [Nó?] an mbíadh ag díon a dealbha
ré cáoin a cneis loindeardha
loch nar bheag d'úalach d'fhaghail
leag ó fhúarshruth Orthanáin.
7 [Nó] an bhfuighthi lé *léig eile
do chaomhna a cneis thséimhidhe
[..] ccaoimhleabaidh a (taoibh) cuirp thais
do náomhleaguibh Phuirt Parrthais.
8 [Nó] an budh íad aing(h)il nimhe
do bhí ar fedh a haimsire
[ag?] cc(á)omhfheaghuin dá gné ghil
níor shoidheanmha é acht d'ainglibh.
9 [Nó] an mbéartháoi bha dhó a snuadh sídh
banchéile Chon an Chleitín
[...]s *maothghlan gan chomhruinn ccruidh
dó chlaochlodh Forghuill d'athuir
10 [Nó] an ttiobharthaoi ainm eile
do[n] *bhúain bhaisdigh gheinntlighe
[...] bhais réidh ccaoimhingneadh ccuir
ar sháoringean fhéil Fhorghuill.
11 [Nó a]n bhf(h)uigbeadh cách theas no thúaidh
a tteangthaibh an tuir Neamrúaidh
[...í]dh sgiamhgharrtha an sgáile ghil
Máire ionghoirther d'Eimhir.
12 [Nó?] cionnus budh í Eimhear
inghean Chuinn 's nach ccreidfetther
[...]b é Forgholl Connmac Cuinn
corrghlac o ghormfhonn Geanuinn.
13 Ionann clú ionann áille [101v]
d'Eamhar shéimh 's do sháorMhaire
ionann níamh a ccathbharr ccám
ciall a n-anmann mas ionann.
14 Máire munbadh í Eamhear
nár geinedh no an ngeinfeadhear
ochta mar úan na mara
dá snúadh corcra as cosmhala.
15 Meas na mná-sa 's na mná thall
cóir acht nar chosmhuil Forghall
ris ó ndaighNéill o Bhoinn Breagh
do-chóidh ós ghlanfreimh Gáoidheal.
16 Máire inghen Chuinn meic Chuinn
gach rí(gh) dá raibhe ó Fhréamhuin[n]
a cíabh fhann fhillte mar idh
da bhárr impe tar Eimhir.
17 Dá bhfechthar troigh mhaoth Máire
no an grúaidh corcra as crutháille
nó an bas *láigh-sin gó lí ghil

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar fhaicsin as í Eimhir.
18 Nó [i]s í Máire an mhaith *oirderc
Ailbhe i(o)nghion ríChormuic
nó as do thríar caomhinghi[o]n(n) Chuinn
an *fháil shaorfhinngheal sheaghoinn.
19 Nó [i]s í Soar ar a sliocht-sa féins
arna hathbhreith d'fhuil ríNéill
bas *tshéimhgheal fhosdus ar fheirg
inghean rosgghlas an Ríghdheirg
20 Nó [i]s í Máire Méadhbh Chrúachon
acht nar fhan ar énnúachor
bas *chaóimhingneach chleathaigh ghil(l)
saoringhean Eachaidh Fhéighligh.
21 Nó [i]s í an chruithgheal go ccéibh laig
dar let tárla ós an tiobruid
gnúis dheilbhgheal le ndeachaidh breath
ar Eachaidh bfh[l]eidmmher bhFeigleach.
22 Lá don rígh tar éis áonuigh
do-chí mnaoi fhuilt órchráobaigh
ag fothrugad a fuilt thigh (craobaigh)
ós lochtobar ghuirt ghainmhidh(e).
23 Cneas mar chubhar na tuinne
déd ar dhath na neamhuinne
béal mar phartluinn cháomh chorcra
'gan fhaltchaim sáor somholta.
24 Níor derge síodh an [t]sléibhe[a]
na [a] grúaidh gan ghúais n-oilbhéime
a derc nír ghnéghurme an ghloin
serc dá *henthshuirgus ag Eachaidh.
25 Fail óir um gach n-éinmher dhi [102r]
dar leis dob ionann áille
da níamhfháinnibh go néimh *ndúinn
's dá céibh f[h]iarfháindigh aluinn.
26 [C?]alla níamhtha chloch cengail
fá a céibh námhluigh nailleandaigh
brat rómháoth 'mun ríoghuin shéimh
líonuigh an fhoghaoth ei-séin.
27 Cía an tír as a ttainic sí
di do fhíarfuigh an t-airdrí(gh)
(dob fháoiligh ría rí codhuil an t-airdrí)
dob faoiligh ría rí Codhuil
nó cia hí don Ádhamhfhuil.
28 "[Go?] táinicc ó shíodhuibh sinn[a]
Éadáoin mh'ainm crét fa cceillfinn
ó Thúaith dáoinigh De Dhanonn"
*faoith he re hur[a]gholl.
29 "[A-]táoi diolmhuin a dreach cháoin"
glór an airdrigh re hÉadáoin

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

“[an] áil linn deanamh dála
a ghnégheal fhinn éadána.”
30 “[T?]ú ad dhíol seirce” ar tríath Teamhra
“snúadh óir ar fholt loindherrdha
[snu]adh ionghoile ar do dreich nduinn
cleith h’ionmhuine ní fhetuim.”
31 “[...] do bhreath a(n) bhen tsíodha
suil bhéar-sa am fhior iomshníomha
[.]uig do shearc or(a)m ’na eire
a dherc mar ghorm ghloinidhe.”
32 “[Ná bíodh?] imshníomh ar thfolt lag”
ar an bhen “nach beinn agad
cía sibh ar búdh imshníomh (líom) inn
a fhir as i(o)nriogh n-innill.”
33 “[R]i an oiléin-si” ar seision “sinn
ar tús ag tabhach ar Éirinn[s]
[m’?]a(i)rm neimhneach do beathaigh báidhbh
Eachaidh Féidhleach ar bfhorainm.”
34 [...] ar rígh an ruisg mhóill*
“[...] ionann t’aignedh ionmaill(?)
’sar ghrádhaignedh bhad grúaidh mbláith
[a] stúaigh bhrá[gha]idgeal bhiothbhán.”
35 [Do?] ráidh* baisgheal an bhruit shéimh
gurbh é [a] haonroga ei-séin
do raidh [rí] an *lísi Logha
isi gorbh í a énrogha.
36 Inghin Í Néill as núa lí [102v]
lé rígh Fódla dá bfhaicthí
d’Eadáoin ní thiobhradh a thoil
finnbhean narbh eccáoin aghoidh.
37 Dá bhfaicedh grúaidh mhaoth Mhaire
nó an déad núaidhe níamháille
nó an fiodhradh cám-sa a cúil chláoin
lé a s[h]úil nírbh andsa Eadáoin.
38 Eadáoin gerbh aluinn ndeisi
áille na snúadh(e) sithei-si
deisi Mháire *breacbruaich Breagh
d’áille a healtan ’sa haighnedh.
39 Sgúird chaolshroil a cneis ghlantais
ag so heasbhuigh iongantaiss
eóin ghormbhalbha na ccas ccor
glas ar órlabhra a healton.
40 Ionar bláith a bruinne shéimh
fedh a gréas n-iongnadh n-áimhréidh
slán súl bhá réidhioghadh ráoin
san tshéimhionar úr d’éntáoibh.
41 Crios cumhdaigh ’má taobh taisgheal
dealradh a cloch ccengailshean

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dá mó san oídhche ar fhaicsin
san ló as doirche a dealradh-sin.
42 Sróllenoigh bhailbh bhá a brághaid
mar budh íatt so a seannámhaitt
sí do ghnáth ní fhéagh orrtha
do sgath na n-én n-allmhórrdha.
43 Mionn órchloch calla cuir[r]ˢ
úm chenn na ríoghna ó Fhréamhuinn
lér cengladh cró na ccuradh
a dhealradh dhó ar dórchu(a)ghadh.
44 Brat impe ó árd a gúalann
sróll bithdherg lán órúamhannᵃ
go barr maothghlan a bonn ngeal
45 Cloch dhúinnte a mbrollach an bruit
sí san Indía dob órdhuirc
dob oirrdherc í a [n]gormchríc[h] Gréag
da coirrchích & í a n-áoinmhéid.
46 Nach ferr lá nó óidhche ann
adhnoidh an teach 'na timchall
téagar cearchloch cáoinmher lag
aoibhneal a breacchloch mbrághad.
47 Sreath néamhann 'na núabróig thais [103r]
nach bhfider fear a heólas
[....]óg bhéaldhonn do bheath dubh
ón thsréach néimhonn dá niomhadh.
48 [....] d'áille a cróubh [sic] ccumtha
's do gloine a gréas n-allmhuirrdha
[....]t Mháire don táoibh as-tigh
cáoin nach aille d'fhaicsin.ˢ
49 [Maith?] dhóibh ag coimhét a cclú
maith d'Eóghan is da fhionnchrú
[Maith?] d'Eachaidh Fheidhleach 's dá shliocht
deilbhdreach dá ndeachaidh dráoigheacht.
50 [...] don mac-sin Airt Aoinfhir
clú dúais an fhéil fhorbhfaoiligh
[corr?]ghlac gan chás a séadˢ
do fhás ó Chormac dá choimhéud.ˢ
51 [...]do hsé hádhbhuigh Uisnigh
sí dh'fhás ona hÁodhuibh-sin
[...]chaidh craobh da ccraobhuibh féin
saorfhuil na nÁodh ar oilbhéim.
52 [Maith?] dhóibh a[g] fás 'na bhfíodhbaidh
ocht Néill fa dreich ndoighirghloin(n)
*do bheathaigh clú an ochtuir fer
cnú do bhogchnóibh na m[b]íleadh.
53 [A]rt mac Cuinn Conn mac Úna
na híarraidh alm iomthnútha
[d']fholaigh[e]acht acht Art is Conn

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

slat^{r} go mbogharеacht mbacholl.
54 [Ó?] Ádhamh go Conn mac Cuinn
’s go hingin mhic mhic Domhnuill
[ní?] bhfuil fá mhíonbhais ngniomh nglan
acht dioghrais ríogh is rioghan. An ...
55 [Ma?]c ríogh fionnGhall *fethm derbhtha
Somhairle dreach doigheartha
cú coinghleaca du chrú Cuinn
nach oirrdhearca Cú Chuluinn.
56 [....] cColla dá ccuirdís lais
niorbh forail da ghnúis ghealtais
[...]as mhuighe chlaidhréidh cCuinn
uile do dhéaghfhréimh Dhomhnuill.
57 [...]anán órtha (chlann)? chláir Conghail
mac Alastair órchornáigh
[ar?] ccennach chorma ó lucht long
ar ccómhla ré hucht n-eachtrann.
58 Leomhan ón fhoráois Ulltoigh [103v]
dreagan ó Dhún Abhartoigh
éigne chneasbhán ó Bhoinn Breagh
deasláimh do fhóir ar n-éigen. An mberthaoi ...

39

An ngéabha mo shuirghe, a shiúr?
[TCD 1382 (H.5.10), 139]
{Aonghus Ruadh Ó Dálaigh}
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 An ngeabhair mo shuirghe a shiúr
cuimhnigh air an gcéadtoil ríamh
tar is réidhigh rinn a Ógh
do ghlór bhinn is ceillidh(e) cíall.
2 Séad uaim mair leannán na loc
*do-dhéan gealdán dod ghrúaidh brioc
gabh sionn is eireochad lat
a shlat fhionn reidheochad riot.
3 A ghéag abhla a iodhan óg
ní dhiong(h)an fan adhbha(i)r úd
acht fuighle as nach fagha brég
ní ghabha séad suirghe acht súd.
4 *Do-dhean moladh do ghéag *ngeal
budh séd sochair da gach fior
ós í a Ógh oighrecht mo shean
a bhen na ttoirbhert mór mhion.
5 Gabh an séd-so a Mhuire Mhór
a éasga is gloine na an ghrian(n)
foillsigh h’ionmhuine as duinn
a chúl cas fionnbhuídhe fía(i)r.

Roinn Lámhscríbhinní na Tríonóide, TCD

6 A-ta ro bharrgile ad bhais
a Ógh is ainglidhe feis
láimh ré corrabhluibh chúil chais
fann súil nglais ndonnfhabhraigh ndeis.
7 A-ta ad bhéul róthana róis [140]
a bhancha(i)ra nair *bheag spéis
déd mair lile nar chealg cúis
gnuis dherg is ghile [io]na géis.
8 A-ta taobh h'ochta mar áol
is t'fholt ar áondath 'sa[n] t-ór
a gheg bhárrthais is glan gníomh
do líon *madh Párrthuis dod phó[r].
9 A-ta let cáolmhala chert
a naomhcha(i)ra nar lean locht
ós grúaidh gheilte is ríthe riocht
is bliocht sheirce thrithe ag techt.
10 Ní feidir airemh do bhúa(i)dh
a dhéadghel is ailne áobh
láimh reid t'fhoir[né?]im ní geal grían
a bhen na(i)r iarr oilbhéim d'áon.
11 Díol read dhea(i)rbhráthair a dhán
a dheaghmháthair Rí[ogh] na ríog[h]
cuir a Mhuire inn air iúl
a shiúr fhionn is gloine gníomh.
12 Ní bfhúair sé do thuille acht tú
a thruaill nair chruinnigh fé fía
Rí na ruire ó ráinig tú
dod chrú tháinig duine is Día.
13 O tá agra an taobhgha trom
labhair dar gcaomhna a(i)r an ccrann
a rioghbhuimech na(i)r mhoigh mionn
liom an tróigh mhiorbhuileach *mhná.
14 Da chertrann sa 's a dó dhéag
a Ogh nach gabhan[n] grug[s]
cóir cuimhne air a chethair déag
betaigh (?) mair shed suirghe sud.
15 Firéan toghtha na se sluagh
Micheal órtha as é bhur ttrean(n)
luach air n-aisde é on máor
mé sáor ón ngaisde *na ngeabh. An

40

A-nois caoinfead-sa Clann Táil
[RIA 710 (23/H/25), 16r]
Domhnall Óg Ó Maolchonaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 A-nois cáoinfead-sa Clann Táil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

biodh gur chaoines chúis tochraidh
cáoi shluaigh don ríoghradh réimhe
d'fíorghul chruaidh ar gcroidhi-ne.

2 Adhbhor a n-athcháointe a-rís
fuair me fá-riar gan roisgís
ga hamhghar nar chuir 'nar gcionn
adhbhar ar nach fuil foirchenn.

3 Adhbhor nach eireochadh uaidh
go ló an bhraith dia do diombúaith
mo shlán fa adhbhor da éis
fam chrádh geirbh adhbhal d'faisnéis.

4 Maithim do maith 'na déaghoidh
gidh be is críoch dar gcinnemhoin
madh maith saith 'sa ttocht fam tho(i)l
maith tar olc ní *iairoimh

5 An chinneamhoin gidh í ann
do-chuaidh a tarbha thorom
do bhuail me an chuilfheith go ceart
mo lúithfhéith uaim ar n-imthecht.

6 Áine ingean Bhriain Berbha
dob í críoch ar gcinneamhna
's fath m'athchaointe ar thréad Ó dTáil
éag don ghlancháointe ghrúadhnáir.

7 Ní hadhbhor oile ach[t] a héag
tug orm athcháoi na n-áirdghég
bíodh nach deacha-sa da dol
críoch mo bhetha-sa a bás-[s]an.

lenaid curaidh an cogadh.
21 Da nós sin ag soighedh glíadh
caiptín Dubhghoill draig ríghniadh
bíaidh obair 'na ham 'gun fhior
a ccogadh Gáll is Gaoidhiol.
22 Búdh túr treise ar thuinn mbádhuidh
no clódh ar maidhm mórgábhoidh
no cur re gargghoimh ngáoise
dol d'arghain a fhoráoise.
23 Bíaidh san Mhointeach mana tinn
ag Brían mar do bhí ag Feidhlim
dream umhal bhús eallmha a ttreas
ealbha churadh dha choibhneas.
24 Ar dhoirsibh báis mhúir Mheidhbhe
leanfuidh lorg ar bFeidhlim-ne
'na ceinnbhile um chás ó cCuinn
do ghnás deirbhfine Dubhghuill.
25 Clann nDubhghuill díol an mholta
puist fpéine na ródhochda
ag cosg coinnbhleachda chás ccean
do ghnás oighreachta [a] n-aithredh.
26 Cuirfidh Brían fa chuing ccomhair

Roinn na Sláinte, Col. na Tríonóide, TCD

na curaidh-se ad-chúalabhair
a ndóich threabhaidh thúair a shean
crúaidh gach bealaidh go mbúailter.
27 Is gach aonáird dh'innis Bhregh
lenfuidh leó lorg a shinnsior
feidhm as fíorchuirthe é air
go re críochnuighthe an chogaidh.
28 Ó chuirfeas Brían chúarta a ccéin
d'fóirighin innse sáoirNéill
cuireadh ar shíodh Dé a dhoghra
búdh díon é da athardha.
29 Bíodh leis a los a eachtra
ríaghla Críosd 'na chuideachda
a bhfíor proigheapta ghníomh nglan
do bhríogh oidechta a athar.
30 Da chaomhna ar chrúas gach teadhma
bíodh le toil an Tigherna
leanadh sé obair re headh
ré an chogaidh no go ccaiter.
31 Cosg gáidh do bheannachtoibh bochd [179r]
bíodh do chonnmháil a chumhochd
'na líon glíadh ar cúl a creach
ag Brían 'na mhúr fán Móintioch.
32 Da iosdadh go ngébha greim
ní hiongnadh d'oighre Fheidhlim
da dhíon a riochd a ratha
bíodh ar iochd an árdfhlatha. A-ta Dia ...
33 Cuir do dhóigh a nDía nemhdha
a Mháire a mhéin oireghdha
guidh an fhlaith as bun don bioth
fa cur le maith san Mhóintioch.
34 Túarridh bladh Bhaile an Lacha
d'fíor atuidh an ardfhlatha
achd gidh cás dréim re a dhochar
téigh re a ghnás do ghremochadh.
35 Smúain ar fheile aicme Floinn
fuaisgeólaigh dháoibh gach dogh[r]uing
ní leigfe dhíaigh h'oinigh as
geibhidh 'na ndíaigh le a ndúthchas.
36 Bíodh bhós ad chrithir chadáigh
d'féile fhola hAodhagáin
a bfíalchuing na cleachd do chaill
do theacht le díanchloinn Dubhghaill.
37 Bíodh choidhche mar chuing oraibh
gnás na ttreabh o a ttángabhair
do rún croidhe caith a-nois
le maith an tighe tárrois.*

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

55

A-tá sunn rulla na ríogh
[Rawlinson B.514, Oxford, Bodleian Library, 61v]
Flann Mainistreach
[Mixture, mainly Deibhidhe, Ógláchas]

1 A-ta sund rulla na righ
cland Echaid nach ob eisídh
cúig meic Echaidh fá tréan tress
dleaghar dím a ríshencus.

2 Niall mac Echaid na tres tend
ribili dimsach dileann
feinnidh Indse Fail na flead
treanfer os gleri G[a]oideal.

3 Naoi meic ac Niall co met nglond
cuingid don cloinn-se Conall
leoman mer fa tren a tres
ris nar lamh enfher coimess.

4 Eogan oirrdearc echtach oll
'sa cuingid calmai Conall
dob é a run beith a cogadh
gerb inand bru a rabatar.

5 Laeghairi Lond laechdha a ghail
Conall Cremtann a brathair
Maine Bághach gan glór ngann
eól dom aiream a n-anmonn.

6 Cairbri as Énna laemda
Angoil & Bogaine a mbrathair
a[n] naenmar mac do bi ag Níall
nar ér duine a mbrat no i mbíad.

7 Da mbeinn riú go brath mbladach
ge fuair Laegairi ladach
iasacht Teamra fa rath oll
dob e a ri calma Con[all]

8 Conall Cruachna caide a fhíach
do cloinn ac Niall re cor glíad
as se ruc baire bladhach
da braithrib go barbarach.

9 Conall Teamra na tri tress
caoga cath do brissead lais
nir brissed ina aghaid
encath riamh re Gaideluib.

10 Conall do cuir bairi athuair (?)[s]
ar Cana go lín a sluagh
Conull fen do roinn fa sech
fonn ara crobaing braithrech.

11 Conn Ceadchathach na tress te
Niall bud goiri da thressi

Roinn Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

naoi meic Neill nachar mín ngloind
gan trean díob mar tren Conaill.

12 Caoga cath tucc Conall cruaid
a nErinn tess & tuaid
ar minugad na cath cain
do shuidh fen as ruc roghain.

13 Neart Cuinn Chéadchathaigh gan ceilc
a Niall mac Echaid airmdeirg
reim nearta Neill i ngach gleic
a Conall echtach oirdeirc.

14 O Ceis Coruind na craeb nglan
céadgabáil Conaill Gulban
cusan lind baisder o Bhran
re linn a gaiscid gnimhgloin.

15 Loch nArbhuch as Loch Gili
is loc n-orrdearc nAinninde
le Conall Gulban na cath
Erne as Feabail fhirindech.

16 Triucha céad Locha Gili
tuc do Cairbri Congloine
is do duthaig Cairpri iarsin
go Callcain an Dubfhothair.

17 Conall gloindmer Gulban glan
ní ro cach da adhmolad
tuir trean na Temrach gan on
relta gablan na nG[a]oideal.

18 Enmilid Eireann uili
Conall Gulban go ngloine
laech neartmar fa meanmnach modh
mac Neill meic Eachaidh armgloin.

19 Cana 'sa cland lín a sluagh
troidset re Conull crandruadh
tri catha ag Cana san áth
encath Conall on claenrath.

20 A triur brathar go mbaid mir
tic le Conull a Gulbain
do digail Muiredaigh menn
ar Cana calma cnesseng.

21 Do cloind Colla(d) os do cloinn Ír
tuc Conull cath fan gairbthír
gur roinn fen as ruc roghain
fa tuar tinn a rifhogail.

22 Caithreim Conaill coscraig cruaidh
meic Neill meic Echaid armruaidh
do gab trian Uladh go beacht
as cuid curad d'iath Connacht.

23 Sochar Conuill glain Gulpain
risnach lam cach comardadh

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

ughdair dlegar da rímh sin
cathreim an(d) rig co robhail.
24 An uair nach ri Erind fen
clannmaicne Con[aill] crandreid
no[ch]a dlightear dib d'o[i]neoch
ciss na cain 'na comhaideacht.
25 Gach re n-uair ac Eogan oll
an righe is ac roChonoll
becht as canta da cineadh sin[s]
coir a cearta co fechair.
26 An uair tecmhus cenn a cenn
tinol cúig coicead Ereann
ni dlighenn ri Conaill cruaidh
gan éruic díthe a degsluaidh.
27 Deich ced bo tri caogaid ech
dligidh ri cinil Luigdech
o righ Temra a n-am gaiscid
& gell ré a uiresbaid.
28 Ni dlig ri Conuill na cath
lon le a shluag go tech Teamrach
re fedh a sluag as se as modh
acht an rí 'ga fritolamh.
29 Caoga luirech lanmaith lond
caoga cloideam co n-ordhorn
tuarastal rig Conaill cruaidh
as caoga ech co ndegbuaidh.
30 A leabraib Padraig na pend
a lamh fen do scrib do pend
sochar ri Conuill réa lá
ó righ Teamhrach mar a-tá. A-ta ...

56

Athfhás fréimhe Clann Charrthaigh
[O'Conor Don, 364b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Athfhás fréimhe Clann Carrthoigh
croinn chúmhra chnúais chabhartoigh
bláth sédchlár mblathordruic mBreagh
gégphrádh abhallguirt d'óirnedh.
2 Gé táid fós 'na ccoill chumhdaigh
ní fhuil d'áithle a n-ionnarbaidh
san trénchloinn gan tlás ndála
acht fás fréumhchroinn phrathála.
3 Ceilfidh a eirge athfhás truim[s]
ós cionn na fréimhe fuluing
ar ccoill a cédbrotha dhi
barr[r] a hégcrotha a héigne.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

4 Benfaid do lucht a lingthe
tesda [n]a ccráobh ccumaircte
a baoghalbhédg do fhás di
fás fáoburdealg na fréimhi.
5 Do dhúnadh a dorus mbáis
tamhuin thairthecha a hathfháis
'na chéile ar na coimhthecht soin
broithnert na fréimhe fásoigh.
6 Clann Charrthaigh onchoin ágha
an t-athfhás-so a hedrána
do breith cairte saoirfréamh a sens
a n-áoibhfréamh a mhaicne Míledh.s
7 A-ta bile búadha bisighs
bháithfes bruid na fréimhe-sin
an cathfhásfhuil fán mall muir
don athfhás-suin Chlann cCarrthaigh.
8 Mag Carrthaigh cáomhna a chuinge [365a]
cás caillte a céddhuille
onchú cosgair créachtlann tte
gegcrann fosgaid na fréimhe.
9 Eigre Cormaic Mhég Carrtaigh
fóirfidh d'aithle an fhionnanfaid
cnó aibche thegorcholl ttiogh
égcomhtrom mhaicne Míliodh.
10 Tar dhealgoibh cródha gach croinn
doirbh rúagadh a bfreum fuloing
a los créuchtsaoibhe a ccealg mbáis
dealg na héchtcráoibhe athfháis.
11 An dealg doírbh-si da ttáthar
ceilfidh péin a prémhmáthar
feólchú fa neimhnighe nimh
ceinnbhile gleóchrú Gáoidhil
12 Gerr go madh coill nid natrach
cur ré treisi a ttreathancath
seabhuic shealgocha chráoi cCuinn
ar áoi dealgbrotha Domhnuill.
13 Séidfid sechnóin Banba Breagh
do chosg antruim mac Míledh
'na cháoir chrithrigh cerd ccogtach
bithneimh a dealg diogaltach.
14 Fóirfidh Mag Carrtaigh Cairbreach
truime a bfhoghla a bformaidbhreth
a mbruid fhoirfe a n-égnuch trúagh
a n-eghcruth doilfe a ndiomb(h)úadh.
15 Ceilfidh a ttime a ttacha
dingéabaidh a ndecracha
giodh í a n-éigiondáil gidh edh
a mbéiddiombáidh a mbúaidhredh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

16 Moirgeólaidh a méin ccaithlinn
ísleoghaid a n-úabharchuing
airghe an chailgleoghain chniochtda
airdeóghaidh a *n-aigionda
17 A misneach a méin fhledhóil
meideochaid mac Ailghenóir
a los goile a n-áithfhir fhéil
táithfidh rér-oile íad-séin.
18 Do-ghéna mac mhic Dómhnaill
cuillttigh don cháoir cogtadhlainn
tar thanacht a ttamhan sin
tamhan a bfaladh fóirfidh.
19 Do nós mhemhsana an mhasail
tesccadh na ccrann ccúmhra-sain
croinn tharaidh as aibche d'fhiodh
ragaidh do mhaicne Míliodh.
20 Lenfaidh ar legadh a bhláth
méin mhórdha an masail iongnáth
bláth crann gach sedfairccthe soin
dán barr médaigthe a memhsoin.
21 Fásaidh blath a bhiledh sen
sínfidh glúine a gég n-íseal
táithfidh cnesghona a chráobh ccuir
do tháobh memhsona an mhasuil.
22 Ní eile ar ccaill a chasnuigh
mhédaighios an masal-soin
d'egla a ngoimhe d'athdhul air
glacudh goile (na goile) 'na gonaibh.
23 Na Gáoidhil-si cáor ccogthach [365b]
masal na ngon nguasachtach
posd glíadh gegfhairgthe Uisnigh
grían médaighthe an mhasail-sin.
24 Mag Carrthaigh grían a ngoirthe
racaidh a ráth dersgnoighthe
beithre ferrdha chaithmhe a ccruidh
d'aithle a gabhtha 'na ngonaibh.
25 Go faghail oígre Chormuic
don líg úama an domhainluit[a]
fada trá(th) a ccróilighe a ccnedh
a-tá a móirfhine Mhíledh.
26 Mar gréin mhédaighthe an mhasail
d'éis chabra a ccnedh n-anbfosaigh
íar ttesgadh a shochair sin
fochain a ccédghomh ceilfigh.
27 Mórfaidh tairthe a ttamhon ccorr
sgáoilfidh snádma a slat n-anfann
crann soillsi a sochairtreabh ccuir
doirrsi a ndochairchnedh dúnfuidh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

28 Tar líonmhuire a locht ttromdha
táithfidh an t-óg osgarrdha
clár síthe sreabhthéchta tTe
seinchréchta criche ó cCairbre.

29 Aineocaidh mac mic Mairgrég
a n-antrom a n-[a]buighbhéd (?)
ro dáoire a ngúaisbhearta a ngomh
sáoibhe a ccrúaisrechta a ccongal.

30 Ní fuigfe ag áon rer-oile
fan ccrich shealgaigh sheabhcoidhe
críoch mogallán na ccíoch ccorr
grodfhorrán fíoch na forrlonn.

31 Cenn fedhna crich ó cCairbre
mionn da n-ádhruid esccairde
caomna a ttinn calgnáimhe a ccen
ardbhráighe gill na nGáoideal.

32 Cnú mhullaigh mhaicne Míledh
clíath fhosgaigh a n-imshníomhfher
a síon mesarrdha a ngrían nglan
ríadh a n-esúmhla a n-ionnramh.

33 Lorgaire lenta a n-érca
báthadh a mbert ndoidhénta
stoc bedgtha a mbriochtfheinned mer
cerd[cha] na n-iltréighedh tt'oirnedh.[s]

34 A ttennáil oídhche fúaire
ging égnighthe a n-anbhúaine
én do chúanál gribhe ar goil
a bfuarán síne sámhraidh.

35 A ttuir thenta a ttobur fis
a ndeóch shláinte a luibh leighis
ceilt a ndochar a n[d]orc(r)a
nochtadh a neirt natharrdha.[x]

36 Fa tús cláochlaighte dom cheill
a los m'ionmhuine dhóibh-séin[a]
drech shengbhog ar lí an luisne
dermod dhi da ndernuinn-si.

37 Ar cclóighedh duinn[e] dhi-si
sgoth íarccomairc m'óigi-si
bas thimgheal therclabra dhil
inghen rechtámra an Róisdigh.

38 Ionnmus bethaighthe bocht nduim [366a]
cisde loin lochta an lethtruim
cúl geg tromdha cciabh ccorach
sédchumra chlíar ccomromhach.

39 Éidedh diona dhámh sgagtha
brat tathaim fher n-umhlachta
gnúis rédhghlan rosgmhall ruithneach
fosgcrann érlamh n-úrnaightech. Athfhás ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

57

A-tú a ndeacair eder dhís
[TCD 1340 (H.3.19), 13r]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 *A-ta a ndeacair eder dhís
ina deacair ar brú bháis
sidh reir Dhé eder an dís[s]
dín me a-rís ar fphéin ’s ar pháis.

2 [... beith] do rer an da rand
a reir da gac leith bud linn
días bías coidhchi teann a dteann
dias as gearr go sloinnfi sinn.

3 Dias nac coir fa aoinmheas hí
ar aoibhnes na ar glóir na ar gnáoi
calann um nar cin ach cré
a Dhé is anam o nimh naoi.

4 An t-anam do fhuair mar fhear
ge fuair an chalann gan col
feis na deissi ni moirn mion
o chion a bfeissi as doirbh dol.

5 A[n] [c]alann talmaidhe treun
amghlaine na an t-anam naom
leighis uilc faghla is uilc fphian
riar cuirp is riar anma ar-aon.

6 Reir an cuirp ni cungnamh linn
do turnam uilc da n-éir ann
reir an anma is é bhudh leam
os é bhudh fhearr tarba tall.

7 [..]gh [...dh?] gan a[nair?] d’aibh
is eigin d’faghail a sidh
madh ail dúin a ríar go reidh
a mian féin da gach dúil díbh.
[Reir?] anma aimreir an chuirp
damhna do daighreir gac boichd
d’fuat pian is adhartha uilc
ríar cuirp ni tabhartha a dtoirt.

9 [Ge?] teigi an chaland an chriaidh
re chéile ’sa[n] t-anam fhuair
ni dh’éinmein an conghlann caidh
enréir dháibh ni foghnand uaim.

10 Réir an anma andíne[r] ard[s]
gan sighne faghla na fearg
gan dul a leith briathar mborb
biathadh ord & cleith cealg.

11 [G]an [cheil?]g ag cabuir an boichd
gan feirg a n-adhaigh an uilc

Roinn na Graí ge, Col. na Tríonóide, TCD

gan ró ar fhear gan forrlaimh nert
gan searc fledh ag congmáil chuirp.
12 [G]an sduaghadh crannal ag cleith
gan uabhar a hadhbar luith
gan luadh ar cogadh a gcrich
gan obadh sith gan tuar tnúith.
13 [G]an breith céime dara gcóir
gan beith re cheile ach go cáoin
anam fhir nach fadhba péin
ac sin reir anma gac áoin.
14 [T?]al anma ni hinchuir sin
ar ionchuibh na hadba a bfuil
leighis uilc gach fhiréin ghloin
ac soin mireir an cuirp chuil.
15 [N?]ír coir anam ara hiocd
an calann do-choidh tar smachd
cantar ría dh'iomad a holc
is lía lochd ionnad na alt.
16 [Ceadh?] ima ngabhann uaill ard
truaill na gcean an calann bhorb
ionmhuin lé caintmeisgi is cealg
fearg saintleisgi is e a hord.[s]
17 [...] ag uirri a hanam a leo[n?]
an calann uime go fúar
leanmhuin fpheaca[idh] mharbha a mian
feacaidh riar an anma uadh.
18 [...]a an ní caithfi sí
nach braithfi an t-anam ler áoi
feug a laitreac a olc é
a Dhé ar an gcorp traightheach tháoi.
19 [...r?]aide an calann do lean
mar aile 'sa[n] t-anam glan
an dál ca treighi is teo d'fhior
cion leo ara chéile 'ga char.
20 [...ada?] o rún reiri Dé
a tnúg re chéile sa clí
an calann ni lugha lé
da dtubha a Dhé an t-anam hí.
21 [... anam?] o nimh na naomh
ré tadhall do tigh na *bfian
do-ní ar (a) dtocht a n-eugcruth fhúar
eugnac truagh ar an gcorp gcriadh.
22 [...] a an t-anam más fior dí
na an calann gud dhíol a Dhé
saob dhó da gcionntaighi an clí
dí as mo dob iontaibi é.
23 [T?...] a Dhe dh'anmain fhir
ge mad harrnaidh re ré raibh

Roinn na Sealgé, Col. na Tríonóide, TCD

terrnogh o tagra an chuirp cuil
do mhuin a uilc dh'agra air.
24 [... an?] cuirp a Dhe da dion [13v]
as e re beul puirt na bpian
go mbí 's a[n] t-anam ar-aon
sáor ar gach ní an calann críadh.
25 [...] an chalann cion
ac[a] ar-aon 'sa[n] t-anam glan
seach an ti ar budh ail a chion
ciodh mar b'áil ar an gcli a char.
26 An [t-anam] as a[n] corp criadh
nach sgarann re holc mon-úar
Rí data neartmur na náomh
ni saor seachtar aca uadh.
27 [Barr a bfeidhil?] a De is dol
eder da theinidh hé d'fhior
an t-anam is gan e go glan
ní sgar sé an calann re cion.
28 Saoirsi on olc reis nach féud cúl
ag an gcorp cred *fa mbiadh
's gur cailledh san olc do faomh
aingeadh (?) gan gaol re corp cría(i)dh.
29 An t-anam ara bfuil feidhm
is a[n] caland far chuir t'airm
re tnúdh go siothlór go soirb
gidh doirb dhún síotladh (?) re snaidhm.
30 Diol[ach ...] an anma cáidh
is a chuirp re dtarrla a tnúdh
go ndearnar sith De bú-déin
a réir os/is e nach dith dún.
31 D[ias eile?] eder ata tnú[i]dh (?)
dias nac beir aile ata tír (?)
teachd tarsa cedh na bud cair
fear ar gac laim damh-sa dibh.
32 Da aingeal fhuil a-raon riom
eidir a bfuil gach aon and
da ghúaillidhe dún an drong
o mhúr corr n-uainidhi an-all.
33 Aingeal dom laimh clé arna char
ni hé an caingen cáir a gcan
cred ach gleunamha a ngné chean
fear na cleulamha a Dhé damh.
34 An fear nach cáir do meall mé
madh ar a dhail do-neam ní
an ní a-deir na dernar hé
da ndernadh mé is neimh do-ní.
35 Aingeal De & a lamh lais
a Dhé gurub dál nach bris

Roinn na Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

gom theagasc-sa ar mo taob nde[i]s
feis dom leagat-sa a-raon ris.
36 Reir De mar bus daingean damh
an da aingeal is e a modh
fear dibh 'ga ocal oirn eadh
fear 'ga locadh on doirb dol.
37 Pairt an fhir nach aingeal maith
narum caingen sin dom-soich
neart fheirgi an tí reimh a dteith
om leith clí go dteilgi an *troigh.
38 Sgeul do leanfadh ind da éis
sgeul do beanfad rinn a-rís
na léig dhó a Dhé ar mo chluais
an te as mo guais dam don dís.
39 A-ta a sgis is mó 's as mo
eidir an dís mar is dú
da ngeallta mo ghoin a ngleo
teó na soin an teanta a ttu. Atá
40 Me ag faomadh cean ceann a gceann
baodhal e gin gob edh liom
ar bfás uilc is aincean ann
aithfear bhall an cuirp am cionn.
41 Eisdeacht cluas silledh sul nglan
ma do rinnedh le run cean
cion claisdeana is eagail d'fhior
leagaidh cion faicseana fear.
42 A gcion teangad is trom e
gach drong do neamoladh hí
guais dam-sa da mealla(dh) mé
mo theang(ad) is é m'arm-sa í.
43 Ni tabuir Dia de do gus
da mbia ar faghail gid be bheas
saoirsi ar aithfear chéimend gcos
na [m]béimend mbos ndaithgeal ndeas.
44 Luchd sdiurtha a-ta oruinn úadh
nach sdiurfa(dh) trá an cholainn criadh
móid mo righ do char ar gcúl
ni mhún dam brigh mo choig gciall.
45 Iarruim ar Righ nimhe náoi
tar gac mbine ara mbím thí
go raib sind ar dheastaoib De
na be h'easgcaoin rinn a Rí.
46 Mo lam clé 'ga cur red ais
go mbé ar ndul ar lar a lis
as filled dom uadha a n-eis
mo ghuala deis da rabh ris.
47 Sloigh an talmhan trena dtriath
trer chóir a ndamnad 'sa ndíoth

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dé do teacht a croidhe ar cách
is tearc ath oile ara fíoch.
48 Uatha ar son a aladh nir fheacs
dol fa a lamhaibh nochar loc
dealg trena bhais mbain nir bhac
dar lat fa saimh lais a lot.
49 Sluaigh ’na riot ’ga mbreth don bhás
úain don bioth ní beth gan sgios
leagar seinfhir acu d’fhas
beiridh bás na macu mios.
50 Tangus ria o treighib tnuidh
Día no gur reidhigh an ráith
smuainedh arna chur a gcrich
nar truailledh sith ’na brudh bla[ith]. A-tá.

58

Bámur aghaidh i nÁth Lóich
[O’Conor Don, 372a]
Guile Atha Lóich cecinit (Compare *Maidean dúinn i gCill dá Luadh*)
[*in another hand*] Ní hé Guile acht duine ainbfhesach do chum an camdhán sin
[Deibhí, Ógláchas]

1 Bhámur aghaidh a nÁth Lóich
im Fhéilim mac Críomhthuin coir
ní raibhe linn ba líon beg
acht ceitre cairpthe[ach] fhichid.
2 Ní raibh(e) troigteac inar ttoigh
ní raibh(e) mac mná(oi) ná modha(igh)
ní raibh(e) acht cleireach glan gle
ní raibh(e) acht flaith nó file.
3 Annsin do raidh Feilim féin
slán don tigh a rabha a-réir
tegh comhorba Mo Choda
Mháoil Brighde meic Diarmoda.
4 Fa lucht iomtha da chéile
ar muirn ar egna ar fhéile
misi is Maoil Brighde binn
an ionbhuidh ro mhair Fhéilim.
5 Ionann lem ’sbam diomdhach dhe [372b]
maith do rádh re Maoil Bríghde
lasoim óm bhathais gom bonn
amhail búdh athais orom.
6 “Da ttugadh torc gach fir dhíbh”
ar meisi ann rém airdrigh
“’s da ttugad[h] mart teora láogh
ní ba maoidhte é ar ogláoch.”
7 “Ní tú bhérad” ar Féilim
“a ghuiligh mhasglaigh mhéirshing

Royal Irish Academy, Col. na hIomóide, TCD

ní beg let ge sgrib do ghart
seisior uait fa gach aonmhart.”
8 Tugus fa mhionnaibh móra
suil tiocfadh an trath nóna
go muirfinn da mhart gach fir
an lion ro bháoi do mhuinntir.
9 Eirgim ’mo shesamh ann soin
d’uillinn Fhéilim meic Críomhthoin
lingim ar lár an tighi
do cholbha na cuilcighe.
10 Lingis Feilim um dheghaid[h]
as gabhais mé ar bhais leabhair
(i)s do ráidh nach rachuinn a-mach
go maidin ar na mhárach.
11 Luighim ainn-séin ’na aghaidh
da ttugadh orm anamhuin
ar fedh mo bhethadh nac beinn
lá na aghaidh a nÉireinn.
12 “Ní híad énbha a-ta a nÉirinn”
ar a bhen féin ré Féilim
“ní fhuil ar a chumus do chradh
ní budh misde do marbadh.”
13 Iar sin léigter misi a-mach
ar thegusc Dhuibhe Temhrach
Dubh Temhrach inghen Bríain bhinn
rob í an crithir san choigill.
14 Secht n-airge báoi lem-sa féin
marbuim ar ndul fáoi don grein
as é líon báoi dhóibh-siomh dhe
dhá fhiched bo gach áirge.
15 Secht ttreoid do thrédaibh cáorach
nír bha sáothur somháoineach
secht ttoighthe do thighthibh muc
marbhuim uile tre fhormud.
16 Trí cháoga éigsin amra
báoi lem-sa a los ealadhna
cuirim eidir mhaith is saith
do bhruith fheóla do ardfhlaith.
17 Céd bachlach mo thighe féin
céd bansgál do bhí dom réir
do chuires íad sin uile
a n-aóineacht da n-iomfhuine.
18 Nirb fada dhamh-sa ’na dheóigh
gur innis dhamh an doirrseóir
rí Mumhan [no Uladh] do bheith a-muigh
Muiredhach mormhac Eóghuin.
19 Deich ccéd each go sríanuibh óir
leision ba hé líon a shlóigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ní rabh each ar domhan díobh
gan mac nó ádhbar airdríogh.
20 Innisis dhúinn ’na dhíaigh soin
Eoghan sréibh mac Dúachghalaigh
rí Connacht do thecht ’nar ndáil [373a]
sé ched cairpteach a ccédair.
21 Innisis dhuinn ’na dheghaidh
Bran mac Enna Chinnsealuigh
rí Laighen do bheith a-muigh
ceithre céad each n-adhasdair.
22 An doirseóir cédna ro chan
tri céad do mhaithibh Mumhan
do bheith fa Chairbre mac Cuirc
ar faithche láochdha an longpuirt.
23 Goiris Féidhlimidh na bfledh
misi da ttabairt as-ttegh
go n-egrainn an tegh n-óla
do réir úaisle is onóra.
24 Suidhim íad [i]san tigh óil
maithe Éirionn go n-onóir
ní raibhe riam lucht bú(a)dh ferr
fa rígh do ríoghraidh Éirenn.
25 Annsin tugus[-sa] as-ttegh
clanna ríogh na ccóig ccóiged
ní tugadh ríamh lucht búdh ferr
fa rígh do ríoghaibh Eireann.
26 Commaith theghlaigh an tige
a-núas ó muinntir nimhe
ní chúala ríamh roimhe soin
a n-áointigh ar druim domain.
27 Cáoga dabhach do mhiodh mhín
do bhí agam dom airdrígh
tríocha dabhach fa fhíon fhionn
da céad dabach im dheighlinn.
28 Dar an láimh (do bhí) ar Fheilim féin
nír mhair dom dhigh-si fan gréin
ní da n-ibhedh duine a dheoch
ar mhaidin arna mhárach.
29 Dar an laimh do bhí ar Fhéilim
ní raibh dom fheóil-si a nÉirinn
ní do bhéradh cuil na crobh
ar na márach ar madan.
30 Teguidh giolla mic Í Neill
tar éis gach coinnmhe do réir
deiredh oídhche mun am-sa
d’iarraidh fheólmaigh orum-sa.
31 Dar laimh Fhéilim na ccéad ccreach
’s dar dhá laimh Dhuibhe Themhrach

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

nír mhair dom fheólmach ann soin
acht énpheta daimh (e)allaidh.
32 Lingim-si ar an bpeta[s]
lingis úaim go huirmheta
gur bhenus fa tri an tech
as an damh n-allaidh n-úaibhreach.
33 Am rioth dam ar an damh ndonn
is an damh 'na rioth romhom
lepa chláraigh do bháoi as-ttoigh
do bris lethchnaim mo lorgan.
34 Do ráidh mac Í Néill náir[s]
ré maithibh Eirenn d'énlaimh
"na bíodh éineach linn a-le
da ttugsam go tigh Ghuile."
35 A-dubhart-sa ann sin ré cách[s]
nach géubhainn bronta go bráth
ó nech da ttiocfad[h] dom thoigh [373b]
ré linn Fhéilim mic Críomhthain.
36 Fúarus fiche tréd sa tréd
o mac Críomthain cíabh na ngég
fuarus fiche bó sa mboin
ó rígh Mumhan ar madoin.
37 Gluaisid uaim arna márach
an choinnimh shuairc soghrádhach
go háoibh cConaill Gabra ghil
do-chúadhus leó an lá-sin.
38 Tráth nóna an lá-soin ba lem
bíad & édach Éirenn
acht gé tú trath nóna a-nocht
go hocrach tartmur tárnocht.
39 Da mairdís agam ma-ráon
Féilim is Duph Themrach sháor
a Dhubh Chabhlaigh charuid f(h)ir
ní bhíadh mo chás it chuigin.
40 Dar láimh Fhéilim na ccéd ccath
's dar da láimh Dhuibhe Temhrach
ní thiocfamáois go bráth it toigh[s]
da mbeithmís mur do bhámur. Bamur ...

59

Beag mac big, ón, beag mac big
[RIA 5 (23/D/4), 77]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Beag mac big ón beag mac big
ionmhuin ogán gasda glic
gile na cubhar a chneas
fearr iona fear beag mhac big.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

2 Geal a ghné ón geal a ghné
óglách aluinn uile é
gile cheithre ndoirn go leith
fearr iona fear a dheich é.
3 Is tirc tirc on is tirc tirc
fuaramur fáilte an fhir bhig
a óglaoich is duit mo-chean
fearr na fear beag mac big. Beag ...

60

Beag mhaireas dár ndeaghdhaoinibh
[TCD 1356 (H.4.15), 101]
Cormac Ó hUigin[n] cecinit
[Aoi Fhreislí]

1 Beag mhaireas dár ndedhdhaoinibh
mait cháigh do chur (?) fá chéile
pór fionnGhall sliocht seanGhaoidhil
tugadur faill 'na bhféile.
2 Gan bheith cruaidh nó minighe
budh tearc aoinneach ann feasda
as fear caithbhe pinginne
geárr go ttiobhram luach feasa.
3 Glóir do Dhia 'na dhéarlaigthibh
oiread Síor Teabóid Díolmhuin
do dheiredh na deaghlaicthe
do mharthuin fós lé fíormait[h].
4 Ní hé a-tá don mhuinnter-si
choigleas go crionna a mbeatha
ní dheachaidh an séimh soilber-si[s]
lé cách fá uisge an cheatha.
5 Ar fás bhíos a inmhe-sion
gnáth rath a mbun an chaite
malairt riú ní dhiongad[h]-san
lucht an ionmhuis do thaisge.
6 Gnáth timpchioll an Teabóid-si
óird bhochta ainnre is ollaimh
flaithe saora seanóire
'gá riar fá seach 'na ndrongaibh.
7 Fá minic 'na chuirt dhedhmhaisidh [102]
easbaid suain ar lucht freasdail
gnáth ime go hadhmaduin
ol gan anbhárr gan easbaidh.
8 Giodh iomdha a aos fedhma-san
ua Séamuis fan gnáth coimhdheoin
caidhe neach 'na theaghlach-san
gan ualach acht a dhóirseoir.
9 Gan bheith cruaidh ná cadranta

Roinn na Sanscríde, Col. na Tríonóide, TCD

mo laoi beag móide as greannmur
cá fearr a bheith eachrannta
sí[gh]mur an tí dá ndéarnadh.
Glúin deiridh na daonnachta
Mac Tomáis aignedh soichleach
a-steach dá ttí a shaoghal-san
dá shórt aguinn bus róibheag.[x]
Ailgheanór níor dermaidthe
fá a cuid féin dom laoi roibhig
acht dar leam nár dheaghmhaisi
iargcamharc ar dhán ngoirid. Beag ...

61

Beag mhaireas do mhacraidh Ghaoidheal
[RIA 90 (24/P/12), 140]
An fer cetna (Ua hEodhusa .i. Eochaid[h]) cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

Beg maires do macraidh Gaoideal
geall re bas a mbetha gnath
gach ní do-chiú ni fath faoilte
a-niú trath a ccaointe ag cách.
Tuirthe cothaighte clann Milidh
ge mhairid ni mairenn síad
tred doba saoire re a soigidh
daoine ar n-ég gan oididh íad.
Ní fhoil ar ttecht don toinn baite
braon i ccuislinn ag cath Greg
do cheo an d(h)omhnain dail an cuire
goblain do-chaid[h] uile d'eg.
As cuid do chlesradh an betha
gach bang ar ccul do chuir dibh
's mar do badar-san uair oile
oggasraidh shluaigh Toighe an Trir.
A-taid ar ttarraing a ccroideadh
fa ceas tursi truagh an béd
*nach bhfuil anam i n-aoinfher
da marann d'fuil Gaoideal Greg.
Tuccsat uallcha ar inntinn ccuthail
's cétfadh ar muich malairt clé
aigneadh tim an degsloigh dillidh
senmoir linn ar-íribh é.
Scotha saorclann sluaigead[h] Temhra
terma a cconaigh do caith síad
do leg (an) tnuth a uille ortha
gur much tuile orcra íad.
Do dermaid síad a sen gnatach
a ngrain catha a cleasa luidh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

a bhfraoch a ccoinbliocht a ccosnamh
oirbeart na laoch mbosghlan mb[úidh].
9 Do dearmaid siad siubhal lethbruach [141]
luighe i n-armaibh iondradh fonn
nochtadh meirgeth sidhghlan (?) sensnaith
diorgadh deirgsledh ccennaith ccorr.
10 Ni fhaicter gille ag geall tresa
na trealam laoic laim re cui[l]t
na colg ag deol dernann laimhe
ni ceanglann reodh fainne fuilt.
11 Ni faicter sdarga ar sduaigh droma
na dorncla ar taobh le techt ré
na cnes taislim i ttruaill eidigh
dob aisling uair éigin é.
12 Cuis athtursi a n-imbeart cotrom
crú i ndeabtaibh ni doirtid súd
rinn airm ni fhuiligh ar einfer
don buidhin mairbh feindeadh úd.
13 Ni ben graifne na geim buabhuill
ni benann cluithe clann riogh
triall fedhma na sealg gá[n] (?) suidhe
bedhg i menma duine diobh.
14 A n-aines meanma a mian reabraidh
a run toirbeart do treig síad
a soigidh gleo a n-aoidhe ar faghlaibh
ní daoine beó amlaidh íad.
15 Acht a-mhain co mairenn drithle
gan dol *acht da n-íarsma s(i)úd
togbus ces do glainfreimh Ghaoideal
tes saighnein san aoibil úd.
16 ’Na gris a ccoguil clann Mhilidh
Mag Mathgamhna mairidh sé
d’eis na saorclann d’écc re hat[h]aidh
cred acht aoncrann achaidh é.
17 Gabla congbala craoi Banbha
Brian a-mhain a mairenn dibh
truagh leam gan lethghuaillidh oile
ceann creacsluaigidh toighi an [Trír].
18 Nir treig mar mhaithe muir Fheilim
a ol bend a brondadh séd
a marann as coir a caoinedh
acht anam slóigh Gaoideal nGrég.
19 Teid a n-ísle ar airde toirbeart
téd a mbuaidhreadh ar barr aoibh
téid a crúaidh ar cetfaidh meisnigh
decht[?]uir an tsluaigh cneisghil [chaoimh].
20 Nír isligh meanma mic Aodha [142]
gan inntinn mbeó gi be raibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

rinn gach gnasa an tann fa ttérna
bang fhasa gach enla air.

21 A n-am ega d'eineach Banbha
bía[idh a] (?) teist a ttus a ré
an maith gan anam re haimsir
flaith Manann ni faillsigh e.

22 Ni he a leiges re linn deacra
dith meisnigh na menma tlaith
ni gabhann binngribh bruigh Lighen
tnuidh re himsniomh crideadh cáich.

23 Gach ni do-geibh do gras fortúin
a aigneadh ni ardaig[h] síad
ní turn doilges a méid menma
coimdhes le geig nEmhna íad.

24 Do nos Cata consal romha[i]n[n]
ró et easbaidh iomcraidh sé
gan snaidhm a n-easgur tar eirghe
measdur le baidhbh nEirne é.

25 Ni fes ar righ freimhe Colla
a cuis orcra an uair as mó
scath gach roimeadra an tann toirnes
barr soimenma as doilges dó.

26 Ní bí ar a chur cuimhne diombaidh
gan duil n-ainis madh edh raib
mor leighius 'ga lecain tibrigh
ceilius deacair imnidh air.

27 Tegusc Ouid d'fior na tursi
a-ta a gcongnamh 'ga cnes mín
taigheradh cerd et clesradh
roideghad lerg slesghlan sidh.

28 Fulang saothair sechna uaignis
amarc fithchell fuaradh pill
tregad bragh sedasnach sidhe
bregaslac ban mbithe mbinn.

29 Leighius tuirsi do triath Cechna
comradh fileadh foilces iuil
diograis rann suadhanrath slighteach
fuaranghuth crann ccritreach cciúil.

30 Reatha miolchon monghor curadh [143]
coimling eachra amharc cuain
gairthe slogh re siothur ndumcha
lor do diochur urcra uaidh.

31 Re linn claochluidh cloinne Milidh
mac Onora erla fand
nir fhill on gnath do glac reimhe
dar lat as trath eile ann.

32 Dia da choimhde do-ciú aen[fhe]ar
ua Aodha nach iongaibh gleo

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

fada scis aigenta uaidhe
gris caigealta as buaine breo.
33 Aon d'fine d'iarsma na nGaoidhel
gnuis aobhdha nach adrann cairt
gris tegtha teallaigh an oinigh
fethla ceangail oirir Airt.
34 Enchnu mogail mhaicne Colla
coimeadaidh Emhna an feoir chuirr
buain a cceoutursi di cridibh
beochuisle sluaigh cinidh Cuinn.
35 Lam dioscaoilte duille an betha
Brian mac Aodha ionradh cen
gnuis nar gruadhcogain gleo aoirrenn
smualchogain (?) beo braoineng Breagh.
36 Rí o nUidhir m'adhbhar maoithe
da maireadh do mairfedh sé
gan bheth beo maraidh an milidh
samhail ceo ar-iribh é. Becc ...
37 D'ingin Aodha ni hainm breige
barr gach enmna as oirches dí
gnuis tennaldha gan tal n-umal (?)
b[e]annama ban nUladh í.
38 Fiú Mairi da mesta a hoineach
dob [fh]iú a cele a cor 'na diaidh
fiu a huaisle faghbail an anma
fuair-si o daghmain Ba[nbha] Briain.
39 Braon d'fuil Colla na ccolg ngreanta
geg d'Ibh Conuill cosnus gliaidh
firsreabh don fhuil-si Neill naraigh
cuisle do freimh badhaigh Briain.
40 Rosg cuisneach ar cruth an oigridh [144]
aghaidh loinnerdha ar li an duinn
blath na ríoghcrann co ríar ttairtheach
da ngiall siolclann caithmeach Cu[inn].

62

Bean chaite ceardcha an ghaisgidh
[RIA 3 (23/L/17), 128b]
Muireis Óg Ó Geráin cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Bean chaite cerdcha an ghaisgidh
fada a-tá ar tí cianaisdir
mairg do-chí an turus-[s]a ag tocht
ní hurusa í d'furtocht.
2 Freamh na cumha cisde an bhróin
cerrta an ghaisge fuair onóir
beg dar linn a deghbhuaidh de

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do chinn an anbhuain uirthe.

3 Cearrta an ghaisge dál docra
truagh gan céile codolta
a cleith ní dual mar dearbhthar
truagh a beith ’na baintreabhtha[i]dh.

4 Fiú an tromphudhair thárla dhi
nach nár di truime a tuirsi
millter trá a maitheas ’s a modh
flaithes na mná do mhúchodh.

5 Fá mar tá gá troime goin
saoth liom claochódh a cedfoidh
fulang éigin di-si as docht
ní héidir i-se d’furtocht.

6 Do leagadh a seolchrann sin [129a]
cerrta chertchalma an ghaisgidh
séala as a sealbhthar gach faill
gerrthar a fremha fulaing.

7 Becc a-tá ag iomradh uirre
trom ós árd a hanbhfuinne
ga croidhe nar chreachtnoidh soin
trentoil gach tuile traghoidh.

8 Do sgar ria rath a hanma
an cherrta chaomh chomhchalma
gan luadh diomdha ní díon di
gan briogh ní hiongna innti.

9 Cerrta an ghaisge cumh (?) taom teinn
toisg gá truime credheim
mór an béad ’sa saothbhrón sin
a claochlódh tré éag éinfhir.

10 As é do chlaochluigh a cru(i)th
bás Mhuiris nár thuill tromghu(i)th
cian bhús iomrádh a éag sin
an ghéag iomlán gan ainimh.

11 Gríobh bheodha nár chruaidh croidhe
Muiris mac an Riodoire
trom an easboidh a éag soin
cred acht tesgoimh mur tuigthir.

12 Dreagan díoghalta faladh
saoth liom gan é d’ársaghadh
leóghan gach tochairthe truim
beodhamh cothaighthe an chómhluinn.

13 Bás onchon fhola Geruilt
tuar árdaighthe imnedhuilc
ciodh gan pudhair d’ég an fhir
le béad san Mumhain maidhrigh.

14 Onchú áithiosach gach fuinn
beithir chosanta an chomhluinn
do-bheir fá chiaidh chroidhe sinn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a loidhe fa chriaidh chaoinim.
15 Mac Uilliam go n-aignidh n-áir
a Dhé gá díochra díoghbháil
gabhthar mo bhreath uaim-se air
ca nech dob uaisle d'folaibh.
16 Trom an tesgadh croidhe is cuirp
oighe Mhuiris mhic Geruilt
griobh leoghanta air nár luigh locht
beódhalta dil daonnocht.[s]
17 Truagh bhós nach ar bhuille ga
tárla a bhás nó a bhetha[s]
nó ar bhuille cloidhimh ghéir ghlain
cér chéim doilidh mur derbhthair.
18 Truagh nach ar uaisle fhoile
do bhí bás an dedhroire
nó ar díth suain fa ghormlainn ghlain
nó ar bhuaidh comhlainn ccosgair.[s]
19 Nó dhá mbeith ar buille spuir [129b]
bás nó betha an óig uasuil
gniomh nár as doiligh a dhul
slán ó roinimh do rachudh.
20 Uaisle menma & mire
dá madh díon don deighbhile
ua na ttréd dob fhoirfe dul
a éag choidhche níor chosmhul.
21 Gár mheisde dhuinn a dhul suin
dá ndechadh a n-aois ársuigh
ach ass óige a éag sin[s]
móide gach béad fán mbeithir.
22 Tásg Mhuiris gá mó pudhair
trom an t-ár ar iarMhumhuin
fios a leoin do athghoin inn
marthoin 'na dheoigh ní dhlighfinn.
23 Mac Máire sgoth gach sgoile
onchú an aignidh sheabhcoidhe
móradh na horchra a éag suin
gég thoghtha gacha tochuir.
24 D'oighidh Mhuireis gá mó nimh
do chlaochlódh cerrta an ghaisgidh
fremh an amhluaidh í re hedh
a daghbhuaidh dhi do dhaoirbhen. Bean ...

63

Bean dá chumhadh Cruacha Aoi
[RIA 540 (C/iv/1), 177r]
Máoileachloinn Ó hUiginn cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

1 Bean dá chumhadh Crúacha Áoi
a tocrádh ní teidhm énláoi
tárraidh sí dhá chneidh croidhe
do-bheir í fá eólchaire.

2 Do bhithneimh chneadh a cumhadh
do marbhadh a mothughadh
a-nos a ré a cabhra a cceart
ní lé achd amhra ’na héisdeachd.

3 Tré oighidh áos a feithmhe
táir comas a ccéimeighthe
ré a linn dab annamh a hairc
do dalladh rinn a radhairc.

4 Ní cúis náir do Chrúachain Chuinn
d’éis a dhá úaithne fuluing
ró a bédchor ar áoi a heasgair
gnáoi a cédfadh gur chailleasdair.

5 Díth cédfadh ar Chrúachain Chuinn
tug bás Fhéilim as Émuinn
tug don chor-sa a cosnamh tím
osna ar osnadh ’na hinntinn.

6 A n-ám coimhéda a céime
táir Crúacha ar áoi a hoilbéime
teachd a ttreisi d’[fh]íoch as d’olc
do díoth na deisi a-dubhart.

7 Na bearnta a mbíodh a faire
fá a lán d’úaithnibh iorghuile
do bhreith chláoin a céime sin
as ráoin réighe dhá rochduin.

8 Dar leat as bean ar bealach
Crúacha an fhúathmhar imneadhach
tarla cóir dháoruidhe dhi
’s gan óigh áoghaire uirthe.

9 Tug cách ar fhúath a hannsa
bíd ría caraid codarsna
a ccléith bhiodhbhadh ag brat uilc
ód-bath ionnramh a hiarmhairt.

10 Ní hiongnadh do Chrúachain Cuinn
dá chinnbhile chlann Dubhghuill
do-rad soirche da seól sin
a breógh choidhche da ccumhuigh.

11 Clann nDubhghuill dreagain lonna
d’úaislibh aicme rioghCholla
luchd buanana or dhoilge dol
buannadha coimhdhe Crúachan.

12 Sliochd Dubhghuill taibhgheóir treisi
díon cáigh ar fhíoch n-aingceisi
mar ríomhthair ratha a solaimh
príomthuir chatha o cConchabhair.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

13 Síol cColla Úais nar ob ágh
ní a ttráth fúair Crúacha a ccláochlágh
suinn áobhacla gan chall ccen
a n-ám cháomhanta a céimeadh.
14 Taibhgheóiridh thúis na deacra
branáin bhearna an ghúaiseachda
eóluigh a sírfheadhma sin
leómhain ghnímheallmha an ghaisgidh.
15 Clann nDubhghuill dár dheachair sén
sliochd oirdheirc Eachadh Duibhlén
coin chonfuigh go ccalgghom tteann
onchoin Alban is Éireann.
16 Suinn Mhíleadh mhaicne Cholla
clann nDubhghuill díol urroma
láoich rúaigmheara as cían a ccion
úaidneadha ghlíadh ar ghaisgeadh.
17 Ní nár égruth Chrúachan Cuinn
d'ég chaithleómhan chrú Dubhghuill
táir dhá chailg dár ch(áo)í a cridhe
as mairg do-chí a cróilighe.
18 Dul Fhéilim as Émoinn óig
táir Crúacha cuid dá orchóid
nir léig an tuinn tríthe a-steagh
suinn na críche gur cailleadh.
19 Íar sníomh Chrúachna a mbarr breisi
do bhrígh bháis na beirtei-si
do ghlac an umhal gan oil
da bhrat cumhadh um Chrúachain.
20 Tug san chruth-sa cían ó shoin
d'ég beirte don fhéin Ultuigh
'sa cheóchroidhe tinn a-stigh
dá sging eólchaire um Eamhuin.
21 Dá chneidh ar chroidhe nEamhna
do-rad crúas na cinneamhna
mar do cás tar mhogh na máoith
do bhás na Con is Chonnláoich.
22 Do sráoineadh seól an chóigidh
lér éirigh ann d'orchóidibh
do measgadh meabhair a cath
Eamhain easdadh na nUltach.
23 Aingcis éga a háois faire
catháoir chloinne Rúghruighe
'na clí nir chédmhothuigh sin
gur shní a n-égrothuibh Eamhuin.
24 Suil fúair crádh um Choin cColuinn [177v]
posd fíre a feadhm ndofhulaing
tug luinne a forgháoth tré a froigh
Connláoch uirre 'na easbhuigh.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

25 Eamhain Mhacha as íath Uladh
an bheirt chedna ad-chúalabhair
táirid d'iomlat díach fá a dluigh
dá thionnbhrat cíach dá ccumhuigh.
26 Meagh doilghis Eamhna is Ultach
a-tá a ccroidhibh Connachdach
's ar chnámh a cCrúachain na ccath
ní slán do thúathaibh Téamhrach.
27 Tearc dh'Éirinn ó bheinn go beinn
nach lán d'orchra fá Fhéileim
ód-chí béd a bfaire a fonn
ní fhéd a haire dh'Émonn.
28 Ní hiongnadh dhí ar fhás a holc
máoith choitchionn ar chrích Chonnachd
roinimh a ccréidhim d'Íbh Cuinn
oighidh Fhéilim is Émoinn.
29 Féilim Rúagh goibhneóir na ngal
cáor bhruithneadh cheardcha ccosgar
láoch do thairg díall re a ndocruibh
búdh mairg chían a cConnachduibh.
30 An t-iosdadh 'nar hoileadh Conn
a los oigheadha dh'Émhonn
táir cathchailg chneidhe croidhe
dathmhairg eile eólchaire.
31 An dá mháoith-si muin ar mhuin
mar dhá thuinn d'áontuinn anfuigh
bíd do ghnáth 'na ttuile theann
ag luighe ar chách go coitcheann.
32 Ní d'iongna a luighe ar leath Cuinn
bás dá chuingidh chrú Dubhghuill
nir ní soichaithfe a sén sin
re bél chothuighthe an choguidh.
33 Tearc 'gá mbíodh a mbúaidh bunuigh
ag cosg uilc gach allmhuruigh
d'aibhle a ngníomh gan chall ccuimseadh
ag díon fhann as eaguillsedh.
34 Do mheas ar mhaith na míleadh
fríth leó cumhachd caiptíneadh
a n-aird comhoimhne na cceall
ó chomhairle aird Éireann.
35 Ag díon chreidmhe a ccrúas coguidh
an dá ainm-si fhúaradair
go ttáinic lá a ttarbha a-steach
ní garma thrá nar tuilleadh.
36 Fuil a chneis ar cháomhna ccáigh
tug Féilim Rúagh reachd nemhthláith
a chor nochar chlé a ccogadh
um thol Dé do dhúthragadh.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

37 Ní chodhladh ar a chneidh ttinn
Féilim ag comhdha an choitchinn
an séghann do char an cert
do ghabh Emann a aiceachd.
38 Maith do lean lorg a athar
a ttáoibh úaluigh d'iomachar
dá dhul 'sgach dáil fá tinne
ar son cháigh a ccoitchinne.
39 Fiú an mbeathuidh do bhí aca
láoich na ccéimionn ccurata
tar chás chionadh an choguidh
an bás ioghan fhúaradair.
40 Lé foghnamh Dé mar dho dhring
gidh bás do rinn fúair Féilim
cosg gábhuigh nar chrúaidh cridhe
tárruigh úain na haithrighe.
41 Fiú beatha bas an mhílidh
do thuit a mogh mhairtírigh
láoch dab oidiomla ar fhíor sen
ag díon chroidiomna an Choimdheagh.
42 D'Émann dab fhatha sláinte
a ré fhada a n-easláinte
gidh cás orchra dhá fhine
a bhás ongth[a?] is aithrighe.
43 A n-oighidh nir fháth tuirrsi
mas fhíor d'iúl na heaguillsi
gé a-tá cás ag Eirinn ann
ní bás d'Féilim na dh'Émann.
44 Méd a horchra iompa sin
dar leat nir chóir do Chrúachain
láoich nar clé a ccás an choguidh
an bás ní hé fúaradair.
45 An bheatha do thúairsed thall
ag díon chreidmhe ar chath n-eachdrann
ar áoi a tubhuigh dá ttoisg sin
nir choisg da ccumhuigh Crúachain.
46 'Na máoith ádhbhail le hathuigh [178r]
céidleannán Chuinn Chédchathuigh
's a túatha ar ttocht a ndoilge
do nochd Crúacha connailbhe. Bean
47 Anasdás Bhasgaifeil bhúidh
mó ina máoith mana a cláochlúidh
a dhá neimh do mhear meisi
cneadh ar chneidh na croidhei-si.
48 Dá thuinn tuirrsi ar tteachd fá a tuinn
do bhás Fhéilim as Émuinn
fiú a mbean dá ndáorfpudhair dhi
nach bean d'aonchumhaidh ise.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

49 Beith mar tá ag iomchar úaluigh
gan fhiú an aonláoi fhionnfhuaruigh
fáomhadh ar son Dé a dhochar
a thol ó(a)s é a iomachar.
50 Gá brígh dhuinne a ragh ría[s]
tárruidh d'oideas meic Mairía
a ndíre chás a creidmhe
grás fíre na foigheidne.

64

Bean glas dom chroidhe, a Choimdhe
[NLS Adv 72/2/14, 21v]
Fergal og .cc.
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ben glas do*m* croidi a Coi*m*ge
foir me a Mhic ar Sethar-ne
na leig gan aithrighe ind
maithfidhe deit do dlighfin*n*.
2 Os?gail (d)e (?) go nde*r*nain*n* deir
ma*ir*g fua*ir* a n-oigh*rea*c*ht* eisein
mar s*éad* fine fua*ir* misi
an c*ro*idh[e] cruaidh cloichi-si.
3 Rotrom codl*us* mo c*ro*idhe
mosgail e re*m* aith*ri*dhe
a-tám i dtoirrchim co t*ro*m
's gan oirchill agam.[s]
4 An da deirc le nd*ear*na me
do mireir a Mic M*ur*e
tabha*ir* *maithridhe a Dhe dhaibh
go ré aithridhe d'fag*áil*.

65

Beannacht ar anmain Uilliam
[RIA 3 (23/L/17), 148a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Beannocht ar anmuin Uilliam
gnúis tséimhídhe sheanguinfhial
fear *rembocht dob uaisle d'f[h]uil
beannocht uaim air [a] anmuin.
2 Ré Uilliam Búrc branán Gall
fá-raoir do chenglus cumann
briste uaidh mo chroidhe am chliabh
tre loighe san uaig d'Uilliam.
3 Miste sinn ar n-eólus air
móide ar ndobrón 'na dheaghaidh
rug geall aigne[idh] ó gach f[h]ior

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

re caidremh dob fhearr eision.
4 A chaidremh do mheall mise
uch mo thigherna tairise
ní a ndiaig a tharbha a-táim
ó tharla a ccriaidh mo chompáin.
5 Ba file é budh fer dána
budh fer brégtha bandála
do thuill gnaoi dhá ghné roghluin
budh saoi é ’sna healadhnaibh.
6 Budh léaghthóir leabhar ndorcha
ag sin cuid dá chomhortha
rug an fithleóir geall an ghrinn
sgribhnneóir dob fherr a nÉirinn.
7 Aoincherd mhaith budh misde nech
acht a-mháin gan bheith suirghech
mairg do chnesghoin a chnes fhial
níorbh fheas d’easboidh air Uilliam.
8 Braon do ghrasaibh an Té as triar
go bfhagha(idh) h’anam a Uilliam
A-men ós a ccriaidh dhá chorp
’na dhiaig do-bhear mo bheannocht. Beannocht

66

Beannacht Dé ’gom dhaingean-sa

[The poem transcribed below begins in NLS Adv 72/1/42 and ends in NLS Adv 72/1/38]

[NLS Adv 72/1/42, 26v]

An fer ceadna [i.e. ‘Doc[tú?]ir Cléirigh’ (26v)]

[Aoi Fhreislí]

1 Bennacht De ’gom dhaing(h)en-sa
bennacht na naomh ’s na n-aingeal
an dún dáoineac daingean-sa
ni daingean é giodh daingean.
2 [N?]i daingean le deoradhuibh
doirrsi darac na cúirte
’s as daingean le gleóghallaibh
ar [ea?]cht ríodha nac múinte.
3 [D]o derbadh mur deimhinsgél
ógSholamh íarthair Éirenn
gurbh é Píarrus Feiritér
cosmail taisdil a cceimenn.
4 [Tá?]nag d’fhios an uasuil-si
d’fhios arbh fhíor gac a ccúalus
[tn?]úthach leis na túathuibh-si
sgáoiledh na sgél mur fúarus.
5 [...] chreid ríoghan rothuigseac
banfhlaith shába ar Sholamh
[...]n te[i?/s?]d nar mhórthuirseac

Royal Irish Academy, Cnuas na Tríonóide, TCD

le sgothuibh fúadh da sgoradh. Táinig

[Poem continues in NLS Adv 72/1/38, 193]

6 Táinig mur do thánag-sa
th'fhecain Phíarruis go himchían
is fuair Solamh sárfhoclach
tuilleadh os cionn a grinnmhían.

7 Um doctúir do-chúadhusa
don dún nar líonmur cúarta
o fheabhus do fhúarus-sa
tanag a-mach mur thúatha.

8 Cía cuirfem 'na chonclann-san
dúr an cheisd lena fúasgladh
do-cúaidh a crúas toram-sa
ar iul ar fulang gúasacht.

9 Ar thegusguibh sáirchríonna
ar innioll ar dháil sochair
ar friotal ghlan ghlóirlíomhtha
'ga cceill gan tuisleadh focal.

10 Fer caithmhe & cosanta
na ttúath le láimh le hegna
terc len mór an focal-sa
fer tabaigh gráidh is egla.

11 Fer gan chumann cclethrámhach
fer as duine 's as dáoine
fer le borb nac breathbhádhach
trén re trúaghuibh as cáoine.

12 A ccogadh ni ceilfidher
fáobhrac fuilteac an fíorfhaidh
fíontac fáilteac Feiriter
síothach soinenta a shíothcáin.

13 Roichían liom od-chonnarc-sa
an tUlltac midech Muimhnech
Laighneac cródha Connachtach
bádhach buanbhronntac buidhnech.

14 D'oide na ndúan n-oirbhríathrac
's do bhuime na súadh sennocht
beg liom úaim don mhóirchíallmhur
meilleón ar miltibh bennacht. Benacht.

15 Banfhlaith an dúin dámhuigh-si
biodh nac facus acht tamall
clíar gan easbaidh sárthuigsi
roimeinic do mheall romham.

16 Lenfaidh me na sáoithi-si
mholus isi go cáoinmher
trúagh liom cor na ndáoini-si
mur nac isi gac áoinbhen. Beannacht ...

Roinn na Scéalge, Col. na Tríonóide, TCD

67

Beannacht don tí do mhúin Murchadh
[TCD 1363 (H.4.22) The 'Seithfín' Duanaire, 134]
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]
On Murchadh (mac Eoghain, mac Roisi, mac mic Murchaid) Ó Madadháin

1 Bennacht don ti do muin Murchad
dánach bi dúil dimdhach
cid be do muin in t-occ urrlum
ac nach or a innmus.

2 Do muin dá fholt ndhualach ndhonnchas
on gualach brudh bidhbad
a maein ar gach cleir do choinnmedh
do righ is e is indlus.

3 Dar let do múinedh do Murchad
danar muinedh minmodh
dail a deighech is a donnbrat
is enech cen imrosg.

4 Gur sáraigh urdhucht na nUlltac
on munadh can minddacht
O Madadhain na cleth cennglas
fer athfadaigh irghal.

5 In t-aicecht fúair isan engnam
aicecht fhuair a imchar
is tuigthi gur mebraig Murchad
ar bernaidh (?) ni bidhgfa.

6 Mac ar nEogain-ne 'ga himteacht
tar beocoinne bidbadh
trede nach dechaid ar dermad
ua hEchaid gan micor.

7 Snam oide ar ess gemadh anfadh
ra maigi fer finncrot
marcach cóir coissigi coimdes
sod coirighthi cinnta[dh].

8 Is imertach cenco himret
an imirt-sin d'innmus
ar cach modh n-uasal is oirches
ar cach n-ualach d'immchur.

9 B[eann]acht don ti dó muinn Murchad
cuich 'na tir nac tibradh
mac Roisi nach c[...]ter cennseal
dob oigi a cosg cinntadh.

10 Ca [n]ech da fuil-sen co hAnmcadh [135]
cuirthir osa cinn-san
Murchad mac Eogain folt fanncas
nar loc beothroid bidhbad.

11 Lamh nar íarr cairde co comrac

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

on daingne an t-íath d'innsmadh
fer seolta na cles gan cennsel(a)
fer [do]b eolca a n-imlat.

12 Troigh gheal dara sling shlabradh[s]
'na sithe ar eas n-ibroch
troigh thic tar tuinn ina tennrith
nar bris builg 'can bidhgadh.

13 Troigh thí 'na hidhluind tre oighredh
gó n-innlaim suil innlus
do nai [...]aib [ter?] can toimreig
in geltroigh seim siblach.

14 Nach scuir ar ceptad brog [m?]barrlag
gan tegar bo mbidhbadh
an fine do fhás o Anmchadh
gilli gen gradh d'innmus.

15 Drem nar tuill escaine ughdar
lénb eglaighi a n-indlach
laeich as nach doibenta dergadh
ní foichledha fidhbadh.

16 Léir ós an fhine móir Murchad
mar bile ós broin n-impadh (?)
mac mic Murchaid bas tshéimh shengbhog
do lass do leim bidbadh.

17 Sil Colla Da Crich 'na chorrbhrugh
lin troda 'na timchal
do lúathaigh sibal corn coindlech
'na istadh chorr cimsach.

18 Úaisle Connacht sa port pellbog
'na clos fogur findtadh
buird a nguasacht isa ghelbhrugh
fan uallach 'gá n-imchur.

19 Fríth annsa brugh gresach ghemhlech
do-fhetar san fhinnport
midh mar ass áil is fin Frangcach
a fin madh ail indlad.

20 Mur téid ó Shíl Colla a codhnach
síl gan obud n-irghal
teid in treb fhithi os gach foir(?)gnem
sa tir-si 'na timcal.

21 Tir I Madagan na merrscor
talamclar na tirmloch
tir na lubghort in fiadh fonnghlas
fan iadh fúdhnocht fidbad.

22 Tír 'na gailbighi glor inber
mor ainglighi ibhrach
don righ da(n) serg grían gach gormsruth
on ferr an t-iath d'immlat.

23 Srotha sithi sa chlár coillghel

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

míne ar nach fas finnscoth
re mbit o ghal isa gheimredh
bíd ac brath a mincloch.
24 Gan cheilt a mhórchloch do mallsruth
nir fhogras mar ingnadh
don ri[gh]-si do fhas o Anmchad
dan righi in clar cimsach.
25 Airdi a coill mana bí um Bennchor
ní hí in choill is cinntac
acht fás do-ní a-núas da neimced
a cnuas di gur dingbadh.
26 Gac tret san fhad cluimderg coilltech
nac[h] (?) buirenn blath impadh
gur[?] edir thoruma a tromtorc
gur mórmuca a minmach.
27 Tríall on fhód *ibhindte ablach
tirim-se mar tinnscnaid
scáeith bech co subach da sorrthan
lusmhach na sreb siblach.
28 In té is cenn ar inn ghurt nghainmech
nach grenn ré guth mbidhbad
mac Eogain croidhi beó bronntac
re coindi beó bidhgthar.
29 Lamh danach íasacht an t-engnam
nar íadhadh fa innmus
lámh dergt[hair?] re cach a comruc
lámh nar mebraig minndacht.
30 Lam fa luidh ar fhas o Anmchad [136]
danac fuil dam dimdhach
a-ta a lan d'Ulltaib darb [o?]irchess
lamh Murchaid a mind-san.
31 Lamh nar tubhadh a cor conghlec
ac so hu[...] irgal
cotun co ceartleth a colptadh
eisgrech c[...]ur cimsach.
32 L[ámh?] fhada a tús na tennta[s]
os glún flat[h]a (?) finnchrot
da cailged saithi ger goirmshled
creacht tairsi ni tibrad.
33 Ar léim in chathail chledh [...]
ar ngabáil gredh siblach
'man mbraghaid ngil gabuis Murchadh.
[...] dadh [...] irgal.
34 Scabal ar nar caigledh Condacht
daingen as nacl [.....]
f[ad?] gliadh mochtrath ar Murchad
biaidh re boggIar mbindl[.]n.
35 Feib[...] cloch cengail risin confadh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cepthair ’mun folt finnbocc
lann t[ren] (?) fada mar an oigredh
ger is *ossa d’imlat.

36 Mur íadhus ar an slis sengbog
triallas d’f[ios] na n-irghal
rucc sighi ar an coingir coirrsled
nir fhuirigh re n-innsmadh.

37 Do ling ar ech n-uaibrech n-urlamh
do buailead na bidhgad
fan mbroinig nduaibsigh nger ngoirmshlegh[s]
in peist suaithnigh siblach.

38 Mac Roisi sui[?]l ticc a theghlach
do shir foighi n-irghal
nir chronaigh fos fa céad coirrshlegh
crecht mor acht mar mhinlot.

39 Folt gegdha na mbac[...] mbarrchas
terna d’fhadadh irghal
cuirfe on térnosaig a tin[b...]
énchróchair ar imchur.

40 Ac breith cruidh a glotain gerrthadh
fár chuir cosgair in bidhbadh[s]
do-súacht ina saichi neimnech
dairti úadh ar imchur.

41 Na dairti-sin agá ndergadh
failcfidhter co fidhradh
fá chís in righ-sa mar roinn[tear](?)
na tírtha ’na timcal.

42 Béraid cúairt fa crichaib Muimnech
do dhighailt a dimdha
da locthar tres don óg urlum
re techt na slógh siblach.

43 An fhian Anmchadhach ní fhuilnghed
gan anntabach n-irghal
Murchad mac Eogain fráech fercon
laech re a beóthroid bidhgus.

44 Laech aga mbí ar tríar a thennghuth
ca días ar nách dingnadh
teacht ar leth í Cholla a comr[a]cc (?)
dob ossa teacht timchal.

45 Bentar fúacht maidne do Murchad
ré smúal baili bidhbadh. ré smual ...

Beannacht duit, a Dháibhíth óig
[RIA 5 (23/D/4), 367]
Domhnall mac Taidg Í Dhálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

1 Beannacht duit a Dhaibhi[th] óig
fuair tú tiodhlaicthe ón Trionóid
díobh do chéadrath a chneas seang
ní feas eagnach ar h'inneall.

2 Cóir a mheas nach diombhuaidh dhuit
do-rad an t-aoinDia orrdhuirc
lonnradh géaghairte ad gnuis tshaoir
cúis meadaighthe gach macaoimh.

3 An briocht seirce is duthchas di
do lasadh lí mar luisni
is í an Trionóid ro thoirbhir
an lí bhfíoróig bhfiucaidhmhir.

4 Do rosg athghlas t'éarla glan
do rogha crotha is céadfadh
feadh do ré ní dhleagh(th)u[i]r dhuit
d'eagail sa[n] Té do thiodhluic.

5 Beir a bhuidhe re Dia ndil
do cheadfaidh do chruth fhaoilidh
do ghníomhradh do mhéad meanma
a ghéag fhíorghlan fhineamhna.

6 Iomdha a cceann do chrotha gloin
da mheas a mheic an Bharraidh
ort a díon forraoin gach fir
do chomaoin Ríogh an righthigh.

7 Gloine h'inntleacht[a] is t'aipche [368]
meastur nach mo tiodhlaicthe
a ruire is ceirtshéimhe cuing
t'iltreighthe uile is t'foghluim.

8 Forus briathar buaidh labhra
aigneadh fáithghlic fhoghlamdha
a dion crioch ag coimdhe cruidh
fríth ón Choimdhe ro-d chruthuig.

9 An dúil oirbhearta a n-aois leinbh
do ghlac tusa toisg neimhmeirbh
no an aigneadh shnoighte on sía fíoch
ni fuighthe ach ó Dhia a Dhaibhí[oth].

10 Ní cuirthe a n-iongantas ort
seimhe h'aigneadh na h'ollmhacht
na an labhra is goimheamhla gus
tarbha h'oileamhna an t-eolus.

11 Urusa a aithne ort féin
a bhos tana a throigh bhláithréig
a raibh(e) ort d'aipciudh[adh] sgol
a fholt laigleabhar luchtmhar.

12 As tugtha dhuit-si a dhreach shaor
d'feabhus do mhúinte ad mhacaomh
drong neambocht d'feaghain iomdha
beannacht d'fhear[ai]bh h'oileamhna.

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

13 Tarla dhuit-si Dia do rath [369]
gur thionnsgain bhiocont Barrach
t'aipciudhadh mar budh dú dhaoibh
is tu ad macleanabh macaoimh.
14 Ní bhfuair aoineach d'iath Banbha
do mhac rí[ogh] no rodhamhna
barr oileamhna nach fuair sibh
on sduaigh shoidhealbha shuilbhir.
15 Neamhnár dhuit oideas t'athar
do bheith ort mar ollmhachadh
saor uamha caillghéag is cloch
an fhailmghéag buadha an Barrach.
16 Orrtha thugais rinn do ruisg
céddreám ar ttús ro-d theaguisg
drong shéimh nar shaoghalta cúis
do chléir chaomhanta a gcogúis.
17 Do chleacht tú a thoirmeasg feirge
oideas géarsgol nGaoidheilge
no sgol mbras mblathbéarladh mbinn
ón fras aithghéarghlan h'inntinn.
18 Cleachtar dhuit 'na dheaghaidh sin
obair h'ineamhla a n-aithghin
eich do ghníomhchur suidhe sealg
a ruire is fíochmhur ainnsearg.
19 Tugais t'aire ní leasg leat [370]
d'imirt fithcheall d'arm d'iomlat
ní ceisd duin d'fionnachtain air
d'iomarcaigh lúith is lamhaig.
20 Nír chaith tú treall dot aimsir
a mharcaigh mhir mhóraibhsigh
ach ag oidibh sgagtha sgol
nó ad dhalta ag coigibh curadh.
21 Laoich chródha cúirte an Bharraidh
fuair tú t'foghlaim eattarraibh
drong armglan brisde bearna
damhradh clisde is croidheamhla.
22 A measg Bharrach a bharr thais
sgath gach foghlama fuarais
pór glainlio[n]mhar bhur bhfuinn féin
deighrioghruidh nar thuill toibhéim.
23 Nír léigsiod lucht do mhúinte
diorma ghlan na gríanchúirte
rocodail dod dhreich ndealbhdha
gan bheith abaidh infheadhma.
24 Teighe a-rís ní haithreach dhuit
ar theagasg th'athar ordhraic
a ghlor teann gnáthmhuinte glan
a cceann lánchúirte Lonndan.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

25 Beir a bheanacht a bhos tseang [371]
maith do thoisg a hiath Eireann
do ghlanfhoghlaim do ghniomh sean
do dhíon anfhorluinn t'aithreadh.
26 Do chuiris dot chuaird tar sál
do dhiol aigne a óig adhnár
robhuidne dot réimh is rann
ar comhairle shéimh Shaxan.
27 Do righ Saxan na sreabh tte
tárraidh tú do thaoibh h'aithne
ar shir sibh d'athchuinghidh air
a sgáthmuighnidh mhir mheanmaidh.
28 A ccruas reachta a riaghail ghlan
gníomh oirbheartach fear Saxan
treighe an mhuighe fhódghlais fhinn
do thógbhais uile at inntinn.
29 Tugais leat ar aoi th'eachtra
cosg Gall d'ingreim th'oighreachta
is cosg Gaoidheal do sheilbh do shean
gerbh feidm d'aoinfhear a n-innreamh.
30 Táinig tú ní turus lag
ar aithris t'athar romhad
a rosg fraochbhrioghmhor min (mear) mall
o ri(o)gh laochlionmhur Lonnann.
31 Nior eirig doirbh na dochur [372]
na diombuaidh na deonachudh
na gleic na deacra na díth
ar h'eachtra dheit a Dhaibhí[th].
32 Do chuiris ort 'na ám féin
cuing phósda Dia do dheighcheill
a rún cathardha is ceart breath
ar tteacht d'athardha h'aithreach.
33 Ni fhuil críoch budh cóir do chur
ar mhac tigearna talmhan
gu cur do clú at aisghean^{r} óig
nar tharthaig tú don Trionóid.
34 Mor ttaisbeánadh da ttig sén
do fhuair tú a oighre oilén
da dhruím bud dochuirthe sibh
a chuing chothaighthe a chinigh.
35 Ní fhoighthe ag oighre flatha
tréighthe na tuar deaghratha
a óig fhoirbhfe abaidh fhéil
nach foighthe aguibh iaid-séin.
36 Bréagaid[h] tú an tuaith ar dho thoil
do-ní tú an eaglais d'ionnramh
led gnúis ndreachbhlaith ngeanmnaig ngloin
led mheanmain neamhthláith neartmhoir.

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

37 Gach tiodhlaicthe tharthaig sibh [373]
don aoinDia ós na huilibh
a chara a-niugh ar ar nochtus
gur mhaire tú an tabhart(h)us.

38 An tí d[a](i) ttarraidh thusa
na tiodhlaicthe tromu-sa
cleacht red ré a bhuidhe do bhreith
agas guidhe Dé a ndíthchleith.

39 Tuig mo pheacadh a Phóil dil
tuig fós a Bhuime an Duilimh
tairgidh ceilt do chur ar mh'olc
dom breith go brug na mbeannocht.[x]

40 Caor aithleagtha is uaisle fhremh
ní heagal d'Eilís Puidher
a dearmod ar aoi ar n-annsa
an tsaoi neamhghrod neamhfhallsa.

41 Aithnid damh go ndlighthear dhi
a bheith d'fágbhálaibh uirrthe
gnúis mar thinidh gruaidh mar grís
buaidh a einig ar Eilís.

42 A-ta ag an aicme ór fhás sin
do bharr uaisle agas einigh
gan a cuimhne nach coir dhuin
ní fhuighle ara doigh dioghbhuidh.

43 Inghean Risdird rún ciníl [374]
plannda ad chin ó Chaitilín
glac is naomhdha na séad nglan
méad a hanmar ní hiongnadh. Beannocht..

69

Beannacht ort, a Fhloinn Aidhne
[RIA 1080 (B/iv/2), 61v]
Laitheog cecinit madh fíor
[Deibhí, Ógláchas]

[In margin]
Fland mac Lonain meic Condmaig meic Cathma meic Aoda meic Torpa m[eic] Fergaili m[eic] Airt Gaile m[eic] Guaire Aidhne ar dutchus a máthar do dhechaidh sidhe re heiccsi .i. Laitheócc láidheach ingen Laighnechain do cenel Conuill Gulbain meic Neill.

1 Bendacht ort a Floinn Aidhne
gabh ot mathair comairle
na bi gan gart at gniomh ngle
oir as lat gach ní cuinghe.

2 Ad-beir do mhathair feine
ni dligh ollamh ainbfeile
an tí shires ní ar gach nech
ní dhlighenn beith gan oinech.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

3 An t-ollamh cuinghes gach ní
ar fheraibh an bhetha bí
dligidh an t-ollamh gan ches
a bhrondadh amhail chuinghes.
4 Sasadh urlamh failte ier sin
proinn aige da gach áoidhigh
cradh d'iarraidh biadh do brondadh
dligidh riamh gach ro-ollomh.
5 A-dubairt Marban Muaidhe
gidh mór ndamh dhíolus Gúaire
tiocfaidh saí da cloinn dia eis
bhenfus do chach a coibheis.
6 Ainm Fola goirfidhter de
fer da bfuil an tairrngire
an t-en ceileabhrus do chách
uadh sloinnfidher é co brath.
7 Duit as duthcha beth co fial
d'eixibh Ereann thoir is tíar
ó Ghuaire nar glamadh gart
'gár fhagaibh dámh mor mbennacht.
8 Tucais gaisccidh & gart
o rioghaibh caomha Connacht
tuccais an éccsi nglain
on mnaoi mérghil ot mathair.
9 Da mbeirtea dán lat búd[h] thúaid[h]
co ríoghraidh Esa rogloinRúaidh
ní budh lúgha let a-le
nas o chuairt Ereann uile.
10 Thuaidh a-ta an cethrar calma
as feile a-ta ar broinn Banba
Máol Doraidh Eiccneachan án [62r]
Flaithbertach is Canannán.
11 Fer ós cách Eigneachán oll
ri Leithe Cuinn a Conoll
fregartach Guaire im ghartaibh
mac Dalaigh meic Muircertaig[h].
12 Sai re thúaidh (?) mo bráthair féin
Núadha mac Duineachair féil
cía as féle na Bran mac Taidg
et Mael Cein on Clochaird.
13 As me Laitheocc laídhech lán
'sam inghen do Laighnechán
an exe a-ta let co beacht
as úaisle dhuit mo bhennacht. Bendacht ...

Beir oirbhire uaim go hAodh
[O'Conor Don, 284b]

Roinn na Coirige, Col. na Tríonóide, TCD

O hEoghus[a] .i. Eochaidh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Beir oirbhire uaim go hÁodh
cuir a cceill da chúl géugcláon
nach robhuidhech inn don fhior
comhuidheach sinn nó seision.

2 Beir uaim gur hinnisedh dhamh
comhráite bus cúis diomdadh
gnuis oirnidhe dar cláon coill
oirbhire ar Áodh da bfédoinn.

3 Dán do dhealbhus da dhreich sháoir
más fíor r(i)o-m tugadh tatháoir
le cách am deaghaidh don dán
as fáth fa ndleghair diombhá(i)dh.

4 Gar bheg dhóibh dar ndán do ghuth
mar a-dubhairt Brían Ballach
m'ainm thuas osa chionn do chur
dar liom ní dúas nár díoghladh.

5 Do-rinnes dithcioll dána
da gnúis dhilligh drechmhalla
trúagh gan é da fhéughun ruinn
an té a-déuradh nach díongnuinn.

6 Ni dhiongnainn do dhruim ceille
dán dobudh díol toibhéime
do bhíodhbaid mhúir chladhbháin Chuinn
dob adhnáir dhúin da ndernuinn.

7 Fiú a mhionca tigid da thoigh
róighne súadh chríche Cobhthoigh
do sdúaigh finnÉirne an chúil chais
gurbh indheinmhe dhúin díograis.

8 Áodh Ó Ruairc rún gach cléire
bíodh go mbeimis inbhéime
ní budh foláir d'aobhdacht ann
gan áonlocht d'fagháil oram.

9 Beg do bhrethnaigh nír bhen rinn
nír smúain Áodh ní hé a-deirim
sdúaigh bhunnglan le mbí gach fer
ní da ndúbhradh do dheineamh.

10 Gidh edh as olc do-rinne
d'fheirg no d'áobhdhacht inntinne
slat cloidhÉirne nár cláon cert
ar ttoibheim-ne d'áon d'éisdecht

11 Ní fhédmáoid-ne an t-áos dána
bíoth go mbeimis diongmála
feirde ar cciall fa nderbtur dhamh
srían re ttengthaibh na ttúatadh.

12 Acht so (a-mháin) tráth da ttigedh díom

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ní mor d[o] éisdfinn d'fairbhríogh
d'áos dána mar as dóigh linn [285a]
os dáib as cara ar coinntinn.

13 Da bfaghainn fer dá derbad
a mesc fhiledh oigedglan
ga ttám ní budh doibein linn
toibeim ar dán da ndiongnuinn.

14 Beg mo chás in ar ccúis féin
maith liom nach ollam aigmhéil
do-chúalaidh a ccualaidh me
d'úamhain úabhair na héigse.

15 Gach ní dár haitrisedh air
ádhbur ríog [fh]reimh[e] Ferghail
ní bhía me díomdhach da druim
's nach é h'ionnlach do fhédfuinn.

16 Rem dhán-sa ní dhiongna sin
slán iomslán d'Áodh Mhág Uidhir
bas sháor nar chlódh ó chiontaibh
dáor an t-ór 'ga aithenntuibh. Beir ...

71

Beith ré dán dlighidh ollamh
[O'Conor Don, 246b/259a]
Cú Conacht Ó Fialán cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Beith ré dán dlighidh ollamh
mas fíor don iúl fúaramur
ní hollamh is breth bhunaidh
neach nach ollam d'éaladhuin.

2 Ní breth o-né gus a-niudh
an bhreth-sin an uird filedh
as casmoil a bheith ar bun
ar breith arsoigh da n-antur.

3 Nó gur deiredh don domhan
a éigsi an ainm ollamhan
ni fuair neach agoibh umhla
go mbeth aboidh n-ealadhna.

4 Dlighidh ollamh is derbh dam
láithe is dúana do dhénamh
as nár dhó muna nderna
's as mó a thár da tigerna.

5 Braithim do rígh fréimhe Duinn
ní nochta(i)bh dhe acht a ndénaim
nár ollamh nech gus a-nois
muna bhet[h] ollamh n-eólais.

6 An chúis fa a ttanag om thigh
ní ceilfe me ar Mhág Uidir

Royal Irish Academy, Cairn Trionóide, TCD

bheith ré dán go ndligh ollamh
da rádh or ttigh tángamur.

7 Oighre Tomáis na ttáobh seng
a mesg ollamhan Eirionn
is iomnáir nach é do thogh
an té rérb ionnráidh ollomh.

8 M'ollamhnacht ní fhaghaim air
na trén mo thíre duthaigh
ní da gradh is annsa inn
annsa don dán ní dhlighfinn.

9 Ní creidim ní creite damh
bheith re dán go ndligh ollamh
's gan hé ag tabairt a tharaidh
mé d'adhairt dom ealadhain.

10 Os ar an éigsi is áil lem
dul a ngrásoibh rígh Raílenn
ní fulair dhamh sul dechar
bladh da hanáir d'fhoillsechadh.

11 Cathfaidh dráoi ollam Uladh
gar da chéile is Conchobhar
on taobh thúaidh fuair umhlacht
ní ar ghaol fúair ollamhnocht.

12 Ni hair a thogbail 'na thigh
na ar dhúthchus re Corc Caisil
tuc toirberta do Thórna
acht a[r] oirderca a ealadhna.

13 An éigsi is annsaide lim
Máoil Seachluinn airdri Éirinn
blíadhain do-bhir an Bhanbha
fa ríaghail fhir ealádhna.

14 Moide mo dhóigh as an dán
nár fuilngedh Flann mac Lonán
gan sgíath airdrigh fer Mumhan
medh d'fairbrigh gach ollaman.

15 Ar dhán is trath dhá thuigsin [247a]
a énshuil an Eóchaidh-sin
arguin Eochaidh fa inme
targaid Eochaidh d'Aithirne.

16 Gan mac Liag do thecht da thigh
ech oirdneac airdrig Sligidh
do-bhir sé an t-ech da araidh
bret é leisin ealadhain.

17 Mar tam ni bhiú do bhunadh
Neidhe a hucht [a] ealadhan
do bhí a treisi a ttig Méadhbha
ní dhligh meisi mimenma.

18 Da mbeith go sirfeadh sochar
a n-onoir [a] ealadhan

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

in méid-si nír fhulair d'fir
d'anair na héigsi d'áirimh.
19 Do bhrethaibh na rígh roimhe
na heirgedh úa ar n-Áodhui-ne
rugadh breth dho úaisligh inn
fa sech lé huaislib Eirionn.
20 Ríoghraidh clair Fódhla uile
da n-abrainn go hénduine
as ferr do dhíol é ar ollamh
's gé bé dhíobh a-dubhramur.
21 Fa ríar gach duine dhibh sin
acht gan ainbreatha d'iarraidh
rachaidh meisi a ngurt Gabhra
a treisi a hucht m'ealadhna.
22 Ollamhnacht rig ratha Bregh
*do-ghíabh ar dhan fa dheiredh
a char slan uainn da ollamh
fuair an dan a ndubhramur.
23 Ni rachaid rioghradh Bhanbha
a n-aghaidh na healadhna
do-gabhair gach áon ór fhás
'na mháor tabhaigh ar Thomás.
24 O táid uime leth ar leth
damad i a inntinn mh'eiteach
ní lema ag Cormac o Cuinn
m'era na ag Donnmac Domhnaill.
25 Colla da Crioch nár chló sén
uime & Eochaidh Doibhlén
fuil gach Ulltoigh druim ar druim
da bfuil a n-Ulltoibh againn.
26 Cairbre Lifeachair láoch Náis
mac Cormaic ar cul Tomais
brisfe Cairbre a(i) [fh]reiteac ruinn
da ttairge eiteach orainn.
27 Budh eigin ag oigre Cuinn
gan me d'eiteach fa n-iarruim
Art Aoinfer as é a thamhan
na máoidedh se ar síodhughadh.
28 An Conn Céadchathach or chin
ní chúala gur ér filidh
re mac Úna ós úaidh do fhás
do bhuair tnúdhna do Tomas.
29 Era fa a ndlighfidhe dhamh [247b]
da ngabha Tuathal Techtmur
ní ghébha Nuadha Finn Fail
gan sinn uadha da fhaghail.
30 Dar áirmhes níor fhulaing nech
m'era go hEochaidh Feighlec

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dobudh nair d'Eochaidh m'éra
táir d'Eochaid ni fhuilénga.
31 An t-Enna Aíghneach or fhás
fa Fheilim ó bfhuil Tomás
da ndiulta Enna láimh linn
a slán m'éra tar Fhéilim.
32 Laghaidh Sriabh nDerg fa dreich ngil
fionnadh misi ar Mhag Uidhir
do budh nair linn do Laghaidh
na búdh áil inn d'ollamhuin.
33 D'iomad airdrigh fa ua nDuinn
as dioghaltus da ndernainn
go ndech siodh dun 'nar diomdach
gan riom a ghlun ngenelach.
34 Mo sgel is iongabhtha air
ni buideac mé d'ua Eachaid
caidhe a samhail do tsiol Cuinn
acht raghain na riog romainn.
35 Cosnaid Tomas seacha soin
geall Laighin don fhoir Ulltaigh
dreim rinn do bheith 'na mbriathroibh
ní breith ghill do Gailíanachaib.
36 Muna bheith dibh día do grás
Tomás Óg oigre Tomas
d'foir Uladh dobudh omhan
sloigh *Uladh da médughadh.
37 Madh he Tomas thi as a n-ucht
a n-aghaidh chúigidh Chonnacht
cur gill re gasroigh nOiligh
casmoil linn go locfoighir.
38 Leth Cuinn do tabhairt as-ttegh
ní mháoidhim ar geig nGaoideal
Muma is Laighin ge madh linn
ní tugha a n-aighidh d'Éirinn.
39 Ní bhertháoi ní bheirthi d'fior
a-der ris cia nach ccreidfiodh
da mbet do teach ar tosaigh
breth lé tech na Temra-soin.
40 Rugadh a Thomais god tegh
tech oirrdearc airdrig Laighean
nochan fuil troigh a ttoigh Náis
nach bfoil at thoigh a Tomais.
41 A Mhég Uidhir an fhuilt tigh
do thighibh innsi hEimhir
as é do mhúr eigre as ferr
ar dhún Meidhbhe ó nach mairenn.
42 Geal gach bláth da mbí ar in bfiodh
bláth céadádhbur na coilliodh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

gile ina an t-adhbur ór fhás
cranngal do thighe a Tomáis.
43 Gac duine da ttig don toig [259a]
gairid leis an lá samraidh
ag feghain chláir a chomhla
fa lan d'enaib allmurdha.
44 Neach 'na orsain in trath tig
[tech?] Tomáis meic mic Pilib
do-chí lubhgort is longa
's nac bí acht (f)úghnocht etorra.
45 Eang locha do tháobh don tigh
faithche uaine ara aighidh
cuiridh sgáile a sgoth corcra
sa loch aille iasochta.
46 Tech Mhég Uidhir as í a breth
Taillti is Emhuin is Oileach
do mhed[h]uigh na tri tighe
's do-ni Emhuin d'áiridhe.
47 Geall ó toighibh aga tigh
geall do fein ón fhoir Ulltaigh
beith os tighibh fer nEmhna
dlighidh tegh a thigerna.
48 Tech Almuine na n-íath nglan
tech Caisil tech Cinn Coradh
ri ar na tri toighibh a tech
an rí as oighir ar Oileach.
49 Bruighen rígh freimhe Colla
ní airemh a n-anmonna
geall da gach bruighin do bhen
ca fherr a thuirimh timcheal.
50 Mac Tomáis da thigh ó thoigh
d'ól fíona re hucht ccalaidh
nochan fhúair a dhíol dighe
fíon in chúain gé coimibhe. Beith ...

72

Breitheamh ceart cothrom an t-éag
[TCD 1375 (H.5.3), 60 (second copy)]
{Maoilir Brún}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas + Amhrán]

1 Brethemh ceart cothrom (e) an t-éug
ní ghabhann ag tréun na ag trúagh
ni ghabhann (se) airgead no ór
ní theid arrsuidh na og úadh.
2 Ní daingen oidhche na ló
ní daingen sodh air an éug
ní ghabhann cumhadh na cath

Roinn na Lárleabhar, Col. na Tríonóide, TCD

ní gabhann se bá na séud.
3 Air so go léir tuigthior linn
nach daingion air cill na túaith
na(ch) caisleán *daingion na túr
no go ccurthar tu san uaidh.
4 Féuch nar chumhdaigh nert a chuirp
Sampson mongac an fhuilt bheó
draoidhecht Mhananáin (i)s Con Rí
nac bhfaicthior dhíobh gurab leór.
5 A chleasa goile go léir
nior chumhdaigh (e) air an mbás
Cu Chuluinn Eimer na n-each
nach deachaidh nech riamh uaidh slán.
6 Alexander an domhuin mhóir duinn[s]
a raibh fana chuing níor bheg
a fhuadach as lár nar ccéud (?)
níor chuir an t-éug [i]na ched.
7 Solamh mhac Dauidh gér ghlic [61]
is dimhin a mhic gur fíor
annsan úir do bhí gan locht
do cuireadh a chorp fa dhíon.
8 Soleighis ce ta bur ndóidh
do-chuadair na slógh go lé[i]r
Hypocratt da ngéilldís cách
nír cumhdaigh air an mbás é féin.[s]
9 Beith beódha gasda [is] grinn
barr[amh]uil no binn do ghnath
beith tréithech cé mor an clú
ní caomnann tu air an mbás.
10 De so ní leanfad a bfad
is truagh gan gad ar an éug
na ttiagadh beó ón ccill[s]
chugam an tí do mhill me.
11 O nach daingion damh ón n-éug
m'anam fo chéud is fo dheich
do-bherim do Rí na ngrás
no [go] ttí an bás do mo bhreith. Bretheamh
12 A dhuine na ttréud 's na séud do chrunughadh go becht
is iontuice duit forsan sgeal nach mairf[fer?] acht sel
ar Alustrann trén cur eucht san ccruinne go cear
nir tugadh don ccré do iar ndeg dho ach uirriod le fer.

73

Brónach foireann chríche Cuinn
[RIA 36 (F/v/5), 111]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Brónach fuirenn chricthe Cuinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

deagladh an fhuinn mhínghlan mháeth
mur táid tréunaibh le trúaidh
aitrighe úainn dlighe Dé.

2 Le plantásion triallaidh síad
guidhmuid Día dhuinn go ttí
mar thug le míorbhaile mór
Ionas beó as broinn an mhíl.

3 Naoidh 'sa chlann on dílinn dhúin
o thoinn go toinn bliaghain beo
ón plantásion sáorfa sé
a nguidhe Dé ta ar ndóith.

4 Clanna hIsrael líon a slúaidh
gan ghráin gan gúais do thug sé
on mhúir ruadhartaidh rúaidh
bearmuinne buaidh do dheóin Dé.

5 Creidimh daingenn dochas as grádh [112]
lean do ghnáth guidhe an Rígh
Iób air fhoidid as e fúair
furtacht do glúais o fhlaitheas Dé.

6 Furlonginus ga mo mairg
a gha(dh) do chailg croídhe an Righ
le hiomad grás agus deur
do fúair féin ar son a ghníomh.

7 Do-ghebham go bríomhar búan
ó Rígh na nd(i)úl do cheann a chlann
fearann sáibhir su(a)than sáor
gan chíos dháor na síne srang.

8 Fada sín rumpa 'na rún
bogar búan dar ccur o bhar bfód
mur leighis Lazarus gan leun
sgaoilfe go réidh sín ó brón.

74

Buaidhreadh cóigidh caoi éanmhná*
[TCD 1291 (H.1.17), 93a]
Fer Flatha Ó Gnímh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Buaidhreadh coigidh caoi enmhná
dile do bhas pillerla
fioth [o?] dterna [a] soillse soin
toirrsi na henmhna a hUlltaibh.

2 Sgith ré mnaibh is re macaibh
gul enmhna d'eis adhnaca[i]l
lucht dar *bhuainlein bro(i)n rigin
buaidhredh mor re milidhibh.

3 Gaoidhil Bregh da mb[e]idis ann
damadh beó an m(bh)eid nach maronn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gul na mná tair mhn[á]oi oile
do bhaoi la do leanfaidhe.
4 Do shiol Néill nach nuadh cumha(idh)
an bhen do-ni a *nuallghail
don tsluagh bloghtha bhíos a ndocul^{s}
sgis ’ga órchra d(o)’f[h]adughadh
5 Gibe air a bhfuil fonn cumha(idh)
d’fuil Neill do-ní *nuaughadha
ní luaithi maoithces na mna
na sraoinfeas uaithí a hia(i)rgná(th).
6 Ní bfuil re hathaidh d’aimsir
tallann san tír Eogainn-si
neach na dingne cumhaidh cáoi
sibhne o a mbondaibh da mbenntáoi.
7 D’eis a ndaoineadh do dhul soir
beg an fatha re bhferthair
d’eis buana a nduthcasa díobh
dluthfrasa uatha d’imsníomh.
8 Do-níd caoi um chuis da laghad [93b]
dáoine a ndeóigh a bhfíorcharad
rug cás mór ar an macraidh
a mbrón d(o)’fhás na(i)rbh ioma(i)rcaidh.
9 Mac Thoirrdealbaigh mhic Airt Oig
bás da bhreith ní beg d’urchoid
do rath Uisnigh budh hoiríos
fath an ghuil-sin do ghabhloighios.
10 Iomdha gul da deanamh dhi
tuirsi inghine Enrí
faoi bhróin ’gha n-eighfi(gh)thir as
smoil a heinchrithir fhásas.
11 Iomdha a sraid Dhuna Dealgna
rosg glas ’na caoir coinnealldha
aig caoi a fhlath[a] oig uaithe
’s a sráid Macha mongrúaidhe.
12 Iomdha ag caoi tre mhac Shorcha
abhra mall mná sedortha
ag malairt datha gloine guirm^{s}
ó mhoigh Macha go Moduirnn.
13 Iomdha le don leith oile
fa mhac mhic na Mancoighe
sniomh fan Eirne ar mn[a]oi mhalla
ar aoi deinmhe a *diabhala.
14 Tuirseach do ghnáth ó gholaibh
menma gach mic Eoghanaigh
caoi sdúaighe bhoisgil[e] Breagh
toirsighe uaidhe a n-aigneadh.
15 Gaolmhar dhisi ben do bhi [94a]
fa mac mar inghin Enrí

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fa sgith re ttairsin a thoraidh[s]
frith da baiscneidh ba(i)ramhail.
16 Mac Neill Gluinduibh gein shochair
re Gormlaith n-oigh n-íolcrothaigh
dursan comhthuisledh gheg ngáoil
torchuir-siomh a méd mhacaoimh.
17 Einneach ni raibhe on rioghraidh
go fiú an duine dhimbriogmhuir
fa mhagh Fail mar na flaithe
nar chraidh le gul Gormflaithe.
18 Ni dheachaidh eilid d'fios laoigh
mac riogh Eirionn gur egcaoin
ben nar na[i]r gan ég da eis
le méd a ccraidh a ccoibheis.
19 Do shíol Neill (as) díobh an dias ban
diobh meic musguilta a ccumhadh
gul fá a mac-sa 'ghan mnaoi thall
agas cáoi an Art-sa as ionann.
20 Acht nach ccumthar le laoidhe
a neimh Art Óig dhá éccáoine[s]
nár mhó d'orchra ingen Fhloinn
le himnedh Shorcha samhloim.
21 Teirce a-niugh ann don fhine
'gan teacht nua-sa as neimhnighe
mac Gormlaithe is Neill ger neimh
le fein gormuighe Gaoidhil.
22 Domhnall mhac Gille in ghluin duibh [94b]
ainm an mhic terna ar tosaigh(e)
an macaoin 'na bhlath do bhúain
do acaoin cach a ccedúair.
23 Art Óg ainm an dara mic
dar bhean se snoighe mhinic
do bais mheirsheng mhná an tuislidh
fa ttá an chreidhim chednai-sin.
24 Ní hamhlaigh(e) sin do *sioileadh
blathshlat freimh fionnGhaoidheal
dóigh do-choith thairt o thorchair
doigh as Art aig Eoghanchaibh.
25 Mór bhfáidhedh do formuid air
a theannchuid do thír Eoghain
a-nois ca tarbha an tiomna
tarla ar chrois na cinneamhna.
26 O Néill Oiligh Aodh Teamhrach
O Neill Teamh[r]a Toirrdealbhach
gan fhuil n-ísil fa a fholt nua(dha)
Art don dis-sin fa derbhua(dh). Buaidreadh ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg
[RIA 710 (23/H/25), 19r]
Somhairle Mac an Bhaird
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Buaine ina aois iomrádh Thaidhg
téisd ghnáth nach éider [d']fíorchailg
dar nemghoire a clódh da a cuing
ar shealbhghloine a dháil ndioghuinn.

2 Bíodh go bhfuighedh aois fhoirfe
tiocfa cenn a chriochnaighthe
's ní théid sí a síorbhuaine ach seal
fíornuaidhe í ina a ainm-sen.

3 Air do shíor ní thabhoir trom
an barr áoisi dá a bhfaghonn
ní chúir sgaith a óige as
a ccaith as móide mharas.

4 Lé Tadhg go hóg do hadhnadh
iomrádh ársuidh iodhanghlan
gá chrithri as síorghloine snas
drithle as bríoghmhoire bheras.

5 Ní guais dó easgar d'fágháil
ferto feile a ionggabháil
sgaith a réimhionn legor lais
gan legadh chéimionn ccadhais.

6 Táirfe an céim-so gan dol de
no go ria a ccenn a chéile
mar fhéithlainn fhuaighios fa fhiodh
fá nuailios trenchrainn timchiol.

7 Géag chúmhra as tighe toradh
meinic é da fholmhughadh
a bhláth as biodhbha don fhiodh
iomdha do chách 'gá chaithiomh.

8 Gnás shiol Aodha is dúchas dhó
ní thréig Taidhg MacCon Mharo
sé 'na n-aiccecht 'gá fheaghadh
daighchert é dá huirléghadh.

9 Taighlidh menma meic Áine
an tan-so a rún robhaidhe
raon a ghaoilshlechta ós é a am
se ag aoindecra ní anann.

10 Do éisd a sgeala ó sgoloibh
a cclú a n-einech anmomhoil
fios eachtra is fedhma na bhfer
fedhna ar ar decra diden.

11 Buaidh gach iorghoile ag dul do
d'eighréacht shuthain shil Aodha
d'oirbhert na préimhe féghoidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

’s réidhe a ttoirbhert taisbhénaidh.
12 Ar shéan uaire téid ar tús
da thionnsgnamh as é a iomthus
ó thárla dho mar derar
a ró anma d’foillsiughadh.
13 Dar let do thaoibh a ttárla
do rádh fellsamh fhóghlumda
mar fhios n-amhra da gruadh ghlan
uair a tharbha do thionnsgnamh.
14 Gidh bé o bhfuair aithnes
taighli ní taom mearaighthe
gan siordhocra an t-am is fearr
fíormolta an tann fá ttaighlenn.
15 Ferr iona gach am éile
an t-am-so fuair d’áiridhe
fada a-nonn ái[th]risdior air
[um] fonn ccl(i)aichshlisttiogh cCriomhtain.
16 [Fe?]idhme an iomraidh san am-so
gabhuidh ní cíall codarsna
gríobh Aichle dan cosmhoil céim
cosnaidh da aithle ei-séin.
17 [F?]ada ar cuimhne ag feraibh fis
gnaoi a bharamhla as áil d’aithris
ar an t[í?] ársuidh n-iomraidh
cosmhoil í mur eisomlair.
18 [Do-chuala an?] Chú Cholonn
Cathfuidh d’áinios uraghoill
[.....]il [druadh?] dar ghlainlen gnaoi
ag luadh airghen an aonlaoi.
19 “[Fíos?] a ccanoir a Chathfuidh”
ar Cú an ghaisge[idh] ghníomharthuigh
“[a fhionn?]achtoin dob áil linn
doigh nach iomarcuigh fhuighlim.”
20 “[...]ghim diot a dhamhna
o fuairsiom úain t’agallmha
[inis?] sgéala an laoi ar ar les
draoi dom éara ní hoirches.”
21 “[...] lá [...] tar lá eile
measoim a mheic Deichthéine
do rei[ir?] mh’e(a)oil iolbhuadha air
na sgeoil grionnbhuana gremaigh.”
22 “[Gi?]idh bé ógmhac d’f[h]iath Fhuinidh
ghabhus arm da ionsoighidh
san ló-so ba buan ar bail
a luadh mun ccró-sa cCriomhthain(n).”
23 “A shaoghal budh diombuan de” [19v]
ar Catfuidh cenn na cléire
“beó gach laoi a chlú ní chéilim

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a-niú” ar an draoi “deimhnighim.”
24 “Ós déimhin a ndubhruis ruinn
a Chathfuidh” ar Cú Choiluinn
“rogha n-airm geabhad iom ghlaic
is béarad (ar) ainm ’na éiraic.”
25 Gabhuidh sin ar séan uaire
rug an rogha as róbhuaine
arm laoich an lá-sin ’na láimh
gur fhásoigh maoith an mhacáimh.
26 Tugsad a ttuargnedh thresa
do ghnáth gan chuid ccoimesa
fá chlár seng bhfeirdhillidh bhF[l]oinn
geall don éinmhílidh fhoirtoill.
27 Iomradh Chon na ccles ccalma
níor an san méidh mesarrdha
do chaoimhleth ’s gach éining as
ní ar aoinleth d’Éirinn anas.
28 Beag nach inmheda is é a shuím
bríogh an sgeoil so Chon (c)Coluinn
dár thuar ainm iona ainm bunuidh
rédh ghairm bhuain ar bharamhoil.
29 Tugois a Thaidhg meic Domhnaill
la bur n-iomraidh d’fíorfhoghloim
úidh do chrechtChoín chráoi Logha
do bháoi ar cheatfoidh Chathfodha.
30 Fada as-tech ad thuinn mhenmon
’na suidér aith oire[gh]dha
nar écc fós Cú na ccuradh
’sa chlú bhós ar bethughadh.
31 Dá ní ad dheghuidh is mó mes
tarra a Thaidhg rádh gan ainches
ar ghnás Cho(i)n an airm fhuiltigh
sbairn is to(i)l do thiodhluicthibh.
32 Rún éinigh Chon na c(h)erdcha
tárrais gan fáth n-imdhergtha
air sin do-chóidh bur ccumus
fár chóir ibh a n-ionunnus.
33 A Chú Choluinn chlann Aodha
a rún feithmhech forraonna
adhraig chonfoidh go ngrain ngleoidh
a bháidh nach faghthoir d’aimhdheoin.
34 Mar shéad fine fúicfidh sibh
ag siol Aodha a fhlaith Luimnigh
bur n-ainm gach tráith gan teimhiol
budh gairm ghnáth dá ngéillfhidher.
35 A úa Cormaic Cais chreachoigh
a ua Éanda fhírbhrethuigh
fir ’sa ríoghbháidh réir oile

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a phríobhdhóigh dhil Dhonngoile.
36 A ua Conghais tréin tírigh
gar ghnath cerda caithmhílidh
a gheall ré Ferghal na bhfledh
do thenn ré senmhagh Sáingeal.
37 A ghríobh Eachtghe an fheroinn te
a bhrec lúith Locha Gréine
a eó Sionna a éisg is ferr
a ghiolla léir éisd Aoibhell.
38 A bhailg d'iochroibh an Fhorgais
a uain Seghsa séghonnglais
a eoin d'ealta Chinn Choradh
a chinn eachtra na n-ealadhan.
39 A dhíon bur bpréimhe ar pudhar
a chladh timchill Tuadhmhumhan
a fhíoch nach tráigh re tirmghoil
a shioth chaigh nó a ccaith[iorghail?].
40 Gach aon da aithne oroibh
a mhic Áine árdbhladhoigh
gor léig *euch breith a m[b]uaighe
ad *leigh gan fhath n-anbhuai[ne?]. Buaine ...

76

Buan an rath-so ar rígh Clúana
[RIA 5 (23/D/4), 211]
An fer ceadna cecinit
[O Dálaigh Cairbreac .i. Conchubhar cecinit (209)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Buan an rath-so ar rí[gh] Clúana
rí léir is lía iolbhuadha
rí is gairmeamhla do dhaoinibh
rí is ainmeamhla d'áirdrioghaibh.
2 Rí seasmhach snadhmóir smachta
rí is coitchinne comhachta
rí is buaine a bhféile da bhfuil
rí is cruaidhe ('s) as reighe riaguil.
3 Rí athnuaidheas racht na ríogh
king Muiris deaghmhac Dáibhíodh
spairrngeartach nár cládh a ccath
tairrngeartach na bhfádh bhfeasach.

77

Buan go sona Sior Séamus
[RIA 744 (A/v/2), 'Dillon Duanaire', 29a]
An fear céadna cecinit [Muiris (mac Bríain Óig) [Ó Maolchonaire], 25b]
[Deibhí, Dán Díreach]

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

1 Búan go sona Sior Sémus
flaithfhear na ngreadh nglanghnémhas
mar as dúal don díllidh dhaith
búan dá-ríribh a rómhaith.

2 Búan a ágh ón úair bá leanb
Sémus Díolmhan dreach gheald(h)earg
a chlú earghna ’s a oineach
do chrú dealbhdha Díolmaineach.

3 Sior Sémus sona gach tan
mádh síth do chách, madh cogadh*
airrghe flaitheasa isin bfear
d’aidhbhle maitheasa an mhíleadh.

4 Mac Teabóid tríath na féile
Sémus go snas n-úirmhéine
búan gach lanbhladh ’na leanmhain
sdúagh ághmur an fhíailteaghlaigh.

5 Maith an tríall tromshonais do
a mheisnech (árd) a mhéin mhórdha
’s a chosnamh ar chach san gceart
gnáth an bosghlan go mbuaidhnert.

6 Gan áireamh ar fhialmnáibh leam
ní fuil éinfear dá gcloisenn
fíalmhaith shíor is ágh an fhir
nár líon do ghrádh an Gháoidhil.

7 Rádh gach áoin d’úaislibh Banbha [29b]
gur mhaith maith ’s gach énadhbha
ealbhfhrémhshlat fhromhtha gach róid
dearbhshénmhac toghtha Teabóid.

8 Cur é san iorghail n-úasail
tim um fhleidh ’s um lándúasaibh
’s ní smúain táom bú táom cumhang
cáomh gach úair a uraghall.

9 Sior Sémus sona na sleagh
mór ndál ’nar féchadh eisen
lámh as tréine ’s as time
a n-ágh, a bhfeile, a bfairsinge.[s]

10 Ar ghníomh láochdha a láithibh glíadh
ar ghrádh cléire do choimhríar
ciúin go cathghail an calma
’s ar charthain iúil ealadhna.

11 Ar imirt airgid is óir
ar seasadh súas don onóir
dá n-ól ar fíon go fairsing
’s ar shódh ’na shíodh sholuisslim.

12 Beithir bheodha as buirbe a ngal
Sémus diaganta Diolmhain
planda tiogh in gach teannta
an Sior Gallda Gaoidhealda.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

13 Gaisgeadh Gáoidheal, gliocus Gall
a mac Teabóid na ttromlann
féile Gáoidheal is Gall n-úr
ann do fáoidheadh más fórtún.

14 Tréithe na ttalmhan oile
do char sé seól iorghaile
leis íar ndrud lé a ndoghruing ghrés
nó-s tug foghluim as fíalbhés.

15 Cúirtéracht Saxan sáoire
deighfhios Fraingce fíorcháoimhe
as iúl Almáinne ag an fhear
sdiúr as amhráillne aigneadh.

16 Eólus Eadáille ag an ccur
iuil Sbainne bés Breatan
as fios Alban fúair mar sin
árdbhladh as búaidh don bheithir.

17 Iarna tógbháil 's gach tír thoir
Sior Sémus saor a shleamhain
fear na mínbhes nach meangach
do lean d'fhírbhés Éireannach.

18 Do dhearbh sé an seanfhocal as
gur treisi thrá don dúthchús
ná d'oileamhain rér ló linn
oireamhain dó nó-s dlighim.

19 Dúthchus féile & feasa
ag Sémus sáoi an mhaitheasa
an úair-si a ndála nó-s deach
úaisli ágha & eineach.

20 Gach dúthchus dár dhúal d'áoinfhear
d'úaislibh árda úrGhaoidheal
flaith chulchas nach clég(c)lac róid(h)
dúthchus do thrénmac Teabóid.

21 Duthchus na nGall seasaidh soin
do tháoibh [D]iúideach go dearsgnuigh
ós duthchus don daith amhra
a dhúthchus maith matharrdha.

22 Osam croinicidh dá c(h)rú
Eilghionór Diúid go ndeaghchlú
cródha ré na c(h)lúchlos thrá
dúthchus mórdha na mádh[mhna?].

23 An Fhrangcfhuil dá raibh si-si [30a]
úasal árd a haicme-si
Gáoidhil Bhanbha nár mhoidh^{r} móid
sáoirfhir [soin?] tárla um Theabóid.

24 Dúal do Shémus flaith na bhfleadh
dúthchus Frangc Gall is Gáoidheal
íd (?) lídhreach nach tais an toil
d'fhírbheth lais dar ar láochruidh.

Roinn na Círeibe, Col. na Tríonóide, TCD

25 A(a)n mhéd dhíobh as fearr um fhleadh[a]
deimhin linn gur lean seision
cáomh in gach ród gné a ghrésa
’s nár thóg sé acht súaidhbhésa. Et cetera

78

Buime na bhfileadh fuil Ruarcach
[RIA 2 (23/F/16), ‘O’Gara’, 211]
Ciothruaidhe Ó hEoghusa cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Buime na bfhileadh fuil Ruarcach
tar fhréimh Chuinn do connaimh síad
meinic ríamh an antrom orra
d’altrom clíar as orra íad.
2 Fine Rúarcach rioghruidh Connacht
a gclú uathu(dh) ar feadh gach fuinn
ní hiongna geall aca uaidhe
slata as fearr do chúaine Cuinn.
3 Ní bhí ar chlú ag conchlonn Eimhir
eigne Sionna na sruth mall
ní heaguil dh’áon dá fhréimh reimhe
Áodh féin muna mbeaire [a] mbarr.
4 Da madh leis crodh chriche Banbha
do bronnfadh úaidh ucht mur áol
lugha no a *dhíal féile a bfuighe
as biodh Éire uile ag Aodh.
5 D’iaruidh umhla d’faghail cheannaigh
ar chrích bioghbhudh cleachtaidh cúairt
ní faghar fear acht fear féile
re homhan chean f[h]réimhe Rúairc.
6 Dailtear bleaigha [agus] bruit dhata
dhóibh a seóid a mbraitear brígh
ní ar a gcléir do bhí a bhuighe[s]
dó-ní réair gach duine dhíbh.
7 Siobhal fada fóghla mionca
minic riamh do-rinne sé
ní raibh[e] díoth dhi re deinamh
críoch an tí do eaimhidh é.
8 Ni sirthear leis luighe ar milidh
maighre Sionna da sleucht dair
do sgáoil braighe nach d’fiadh Eaimhir
nír íar lána einfhir air.
9 Láochruidh Chonnacht curuidh Mhuimhneach
maithe Uladh um fhear Lúain
ní léair soin lé mbí ’na bhruighin
an tí a-muigh do fhuirigh úaidh.
10 Fíon da ibhe a heasgruibh cumhtaigh

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

a gcuirt Aodha adhbhur súain
ní úair rí ar a uille aige
nach fuighe an tí as faide úaidh.

11 Nír shir crodh nír choguil miorún
ní mó a-ríamh do eaitigh áon
cred asa mbí do cheill choguir
ní béim [í] da n-abuir Áodh.

12 Teagbhail libh a lathuir feadhma
dob usa do denamh h'ort
tug d'feindhidh a Aodh gan t'aithne
deinimh do tháobh h'aithge ort.

13 Ní chleachtann sibh seachna einfhir
a úa Briain(e) le mbrontar bú
níorb fhear le bfagar an adhbha
teagh folamh 'na ttarla tú.

14 Coruide ceangul re-roile
ríghbhean Cuinn os duit as dú
a ndíth fir mar do bháoi Banbha
gan mnáoi mar sin tarla tú.

15 Do neart ar chách cuire tusa
gan trén áoin ar h'éarla nocht
ní heagail dáoibh an bhreait[h] bheire
a breit[h] do tháop eile ort.

16 Ní thig [le] cách cur at aghuidh
a úa Bríain le mbristear troid
mar sin a-ta bean do biodhbadh
mar tá fear do diongadh dhoit.

17 Seóid búadha bleaigheadha órtha
úaid a Áodh ag dol dó dháimh
ní dhuit as brígh dáoire dáimhe
máoine rígh a ndaile dáibh.

18 Do chúirt mhór-sa a mhic mic Eoghuin
d'éaigsibh uile líontar libh
acht a bfhuil ar h'uille id h'adhbha
duine ar troigh tárla as-tigh.[s]

19 A ghrádh Teamrach do thír dhuthaigh
duitt ar-ís budh easbhuidh hé
bú[a]dh h'aithreach libh féain a foghuil
gidh reaidh sibh fá tholuigh Té.

20 Ní cuid comhthrom do chleacht d'fhaghail
úaid a Áodh a earla nocht
ní mór lé fear fíona a bfuighe
diogha na gcean uile ort.

21 Dailtear libh gach láoi re-roile
h'earradh corcra do chuaigh óir
muna féaile díol na dáimhe
as díol béaime a ndá(o)ile dhóibh.

22 Ní fhaghaid díott díol a meanman

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a mic Áodha an erla bhuig
mur sin dóibh red dhul a n-[d]eabaidh
toil ag mnáibh ’na deaghaidh dhuit.
23 Níor díogladh go ndearna tusa [212]
tú dá dheanamh gean gar dhóigh
tainig as-teach dhitt a dhiogail
ar lig bean do riogh(n)uiph róimh.
24 Ioth a ttalamh tartha ar choilltibh
fa chrích Áolmhuigh an fuinn chuirr
roichidh an fear ann as ísle
barr na bfheadh sa gcrích-si Chuind.
25 Tainic do chnúas crand um Liatruim
leatrom ar chráoip fan gcloinn rug
níor leáig bráon trithe go talamh
cráop fhithe fa tar(r)adh tug.
26 Fuil Raghallaigh rioghruidh Breithne
barr ó Eirinn acu ar-áon
beaim da táoibh féin muna fagar
beim a gháoil ní homhan d’Áodh.
27 Níor bhris móid nír mheduigh Danair
nír dhiult duine dia do bhail
gí tharla a neart ar fhiadh nEimhir
do bhiadh neart gach einfhir air.
28 Fulang aco ar ainbreith ndáimhe
dreagain Teamhra taoibh mur chailc
dar leat as díph féain an file
nach réaidh fa dhíol d’fhine Airt.
29 Iomdha cath ag cosnadh Banbha
’na mbí céile Muidhe Mis
ní mó do thuill Conn a chana
acht f(h)uinn Chuinn do radha ris.
30 Fine Ruairc ag reiteach dáimhe
diol orra ní iarraitt so
as riú féain do fheugh an t-aoidhe
creud an reair bú dáoire dho.
31 Do nidhe a chreucht ar gcar troda
téid im fhírshreibh coillte gcláon
móide a thoil agriphe (?) ag inghein
nidhe a ghon os fin[n]sreibh d’Áodh.
32 Buagh a ttroda teaisd an [e]inigh
da iomradh do bhí ’na béul
teacht ar fhoirinn an chráoi cháoilshleagh
roiphinn lé mnáoi an sgáoileadh sgél.
33 Do thréd dáimhe dail do mháo[i]neadh
minic ríamh do-rinne tú
ní bfhúair tú do dhíon ar dhonadh
mas díol clú gan bronnadh bú. Buime ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

79

Caoineam, a chuirp, Dia na ndúl
[TCD 1411 (H.6.7), 343]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Caoineam a chuirp Dia na ndúl
dá thúrnamh gach bliaghuin bhíom
smaoineam a dhíol mar nár dhaor
caoineam ar-aon Rígh na ríogh.
2 Nimh na sgiuirsighe da sgrios
d'fine Iuidighe dob fheas
go héasga buaileam ár mbas
caoineam[r] an chros chéasda le ceas.
3 Caoin-se a dheilgne [agu]s a dheoch
bí-se fón ccéird-si ar crith
is brosdaig go tréan a thruth
sru(i)th déar ód rosgaibh 'na rith.
4 Gan *osnadh tré áladh mo rí(gh)
gan gáir tre[n]a los gach laoi
ní beag do chuir or[a]m e
's nách cluin me a cholann do chaoi. Caoineam

80

Caointear feasda clann Í Chaoimh
[RIA 303 (23/L/37), 3]
An fer cédna cecinit (Ó Dálaigh Fionn)
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Caointer feasda clann Í Chaoimh
teasda an chlann lér saoiledh súil
mairg don fhóir nár *chreaidh le cléir
do-chuaidh go léir uainn a n-(i)úir.
2 A-nnois caoineam an chlann sáor
nár ghuill ar dhraoithibh dá ndeoin
a ndeiredh do-chuaidh a ccria[i]dh
cóir ina ndíaigh deibedh ar deoir.
3 Cethrar mac Í Chaoimh o Chlia[i]dh
fá mhaoin nar dheacrach ré dáimh
teasda an sgath deireannach dí(o)bh
do ghealfeadhach mhín fla(i)th Fáil.
4 Cédmhac Airt n[ach]ar éar aon
rug[r] an t-éag ní hait an sgéal
cenn fhedhna Domna(i)ll na ndámh
lámh fheardha na ngormlann ngéar.
5 Do éag Áodh(a) dá aithle sin
dh'eag caomh do sgathadh le sgoil
nocharbh féile neach fá nimh
a dhreach dil a thréighe [a] thoil.

Roinn na Séipéise, Coll na Tríonóide, TCD

6 Sul do chaith a *ráedh fá-ríor
róbh é an flaith a *Rí(gh) na ndúl
do-chuaidh *maonus éag mon-uar
níor bhuan an *ghéadh armghlas úr.
7 Ar [n-]éag an trír aobhdha úd
do-chím do faonadh fán bhfód
tug sin acht ar mheadhair dá mhé(i)d
d[o] éag 'na ndea[gha]igh Art óg.
8 Tall a Saxaibh na sreabh mín [4]
ann do tachladh d(o)'Art an uaig
ní he an branar an barr *broinn
a Róimh Ghall [a] anadh uainn.
9 A luíghe a Saxaibh na séd
ar bhasaibh *do-rín ród
Art ider thaisibh Gall nGréag
ór thréad Caisil ann fá fhód.
10 Bás a bhraithrech gedh *bíodhga dhuinn
ór dhearg laithrech ar lár ghleo[-idh]
Art do dhearg an uile shúil
a lúighe a n-úir do dhearg deoir.
11 Ceathrar *óradh dob fhear[r] iocht
dursan leam a lár do thecht
Ma(o)ghnus, Domhnall, Áodh(a) is Art
aon dá ngart níor chonnchlann chert.
12 Ceithre huird na ttachar ttenn
cheithre cuilg cosnaimh ar bhfonn
ceithre glaca uim ór dob fhear[r]
ag ól mbenn fá dat(h)a an drong.
13 Ceithre leomhuinn Locha Cé
nár aghain *deórach na draoi
an cheatrar d'fionfhuil Airt rí[ogh]
'gá mbiodh cairt ar ghniomhaibh gnaoi.
14 Ceathre seabhaic Sléibhe Caoin
ceithre dreagain feinne Fáil
cheithre crainn ó Chliodhna chao[i]mh
nar thuill aoir na diomdha ó dhaimh.
15 Ceithre sgáil Mumhan na mbeann[a]
cheithre curaidh cláir na bhfionn
ceathrar nar thaobhuidh cradh ceall
(i)s nár gha(i)bh geall ar mhaoraibh mionn.
16 Ní faicim a samhuil sin
ar faiche do ghasra ghlain
a meadh ni dóigh dhamh go bfhuil
a tteagh óil no ar ma(i)gh a-muich.
17 Ní faicim san Mumhoin mhín
curaidh budh cosmhuil dá ccéim
ceithre donnchrainn óir thill thóir
budh conchlann dóibh linn ní léir.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

18 Ceathrar sin nár dhocht uim dhiol
do cin ó Chorc is ó Chaomh
d'fíodhbaidh Caisil na ccrann mbuadh
truagh 'na ttaisibh an chlann cháomh.

19 A bean mhúsglus caoi hí Chuirc
gá díth ar blogha dod bheirt
ar bfháil [na] sgéal ar éag Airt
créad nar *sgoilt an déar do dheirc.

20 Da mbear beo ní beatha dhuinn
seal a ndeoig an ceathrair chaoimh
feár[r] dá n-ollamh éag (i)na ndiaig[h]
gan bronnadh biaidh créad nách caoin.[x]

21 Do thuile an anfaid gach úair
do Mhuire don mhaghdin chaoimh
tig sinne do *thecht a ttír
tinne an chídh chorcra díbh.

22 Go ccumhda dhuinn[e] ina ndiaig [5]
an Dúilim Domhnall Ó Caoimh
a-dubhradh gur dlecht da fréimh
a cheart ar Sleibh Luachra[ra] Chaoin.

23 Dán & ceól[a] críche Fáil
do-chím[-se] nach seoltha a stiuir
ó theasda an chlann fá cian treoir
gan trian cheóil gach crann ciuil.[s]

24 Beag do shéadaibh tighe an Trir
do-gheabhaid filídh(e) go fóill
tre luighe an cheathrair a ccriadh
biaidh neamhthoil gach nduine dhoibh.

25 Dob *hí Ma(o)ghnus an mionn súl
is dar liom fá amhra Aodh
ma[i]rg dár chomhlann a ngart nghliadh
Domhnall fial is Art ar-aon.

26 A bhean cháoi goileas go *gearr
re taoibh Druime hEach mon-uar
do-chuaidh rinn do thuirse thríom
(a)s fior gur c[h]uir-se(o) sinn dhár súan. Caointear ...

81

Cathaigh réd mheanma, a mhic Bhriain
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 8]
An fear céadna (Eochaidh Ó hEoghasa) cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cathaigh réd meanma a mic Briain
an mur táoi tréig do mha[o]ithchiaidh
féach th'uabhar eignidh do réimh
uamhan céaidnimh gach coiléin.

2 Tug (neimh) neimhni a nert do meanma(i)n

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tuirinn band dod bhaothreabhradh
ísligh a armthair Fhinne
grísnimh anfadh th'intinne.
3 Na léig le luisne t'fheirge
fadogh le fráoch ndibheirge
súaimhnigh a fhionnláoich Eachtga
iomgháoith n-uaibhrigh h'aigeanta.
4 Faiciom úait ionráin misi
créad í an iodhlann fheirgi-si
ad ghnúis tsháoir crithridh corca
'na cáoir f(h)rithir f(h)oghorta.
5 An sgíos glía(i)dh no an gúais chatha [9]
an tnúth no an teann rofhlatha
do-bheir sgís aig(h)eanta ort
a ghrís caigealta Connocht.
6 No más tríd a-tá tusa
tú ar chuid dod chrích dhúthcasa
taircc a mheic mea[s]ordha mhir
gleic re heasamhla h'aignidh.
7 Leanmhain a báire báoisi
aimhleas d'fhior do chomhaoisi
eigrinn go *ndaingnidh a dháil
céidrinn *ainme[r] ógain.[s]
8 Da measda is móide t'úmhla
t'oirneadh a n-áois mheasordha
gnáth céadairde gach m[e]ic mhir
ag reic edaingne a aignidh.
9 Da fromadh a rinn chatha
moide urraim ardfhlatha
da tteagmha 'na thuiridh gliadh
cuiridh eagla re n-aimhríar
10 Na ceis ar ghreim da nglacfa
anbfhann tig tus cumhachta
se dheit ni bá ceadgreim con
a draig o ghéigBheinn Gulbhon.
11 A Tháidhgh mhic Bhríain ní bríogh dháoib
loighéd t'innmhe a n-áois macáoimh
ní dimbrigh dhod dhreich corcra
bhe[i]t[h] fa iomshníomh íasochta.
12 [An] tuisle a ttús a ratha
bann bhisigh mhic riofhlatha
ceidbheatha da cara tol
dala eigneacha d'iomchar.
13 Da measta-sa an mhacacht riogh
ní cóir a chur a ndimbhriogh
ceadrighe le ttibhre as-teagh
imle geigmhíne Gaoidheal.
14 Ní furail duitse a dhreach náir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

sealad da heólas d’fhaighail
dorchla gach raith do rochtain
fromhtha flaith le fionnochtain.
Ní léir do lucht a gcleachtaidh
fath gráine isna guaisbeartaibh
cleachtadh faghla a mhic Máire
dheit ’na damhna diombaidhe.
Ní hiarrata dot chruth corcra
go foill do roinn rioghochta
acht gabhla grúaidhfhliúcha gleann
’s colbha úaimhneacha Éirend
Leat(h) ríamh do rioghacht Banbha
a fásoighe a fiadhamhla
a slíabhtholcha sealga a sreabh
’s learga cíabhdorca a coillteadh.
Tugadh an roinn-si roimhe
le maithaibh mhúir Láoghaire
ar mhagh n-eigleathan na nArt
deimhneachadh dhamh fa ndubha(i)rt.
Túathal Fíacha fada o shoin
da mac Fearadhaigh Fachtnoigh
do ronnadair ríaghladh grinn
gríanmhagh f(i)onnab(h)aidh Fhéilim.
Tar éis éga da n-athair
measaid ga mó anacháin
gan tocht d’eantol rer-oile
fa ghort n-eachtmhar nÚghoine.
Go hUisneach seach gach ionadh
fir Éirionn ar e(a)inshiobhal
do-shóid le toghairm ttionoil
do comhairn fhóid Eiriomhóin.
Le breathamhnaibh Banbha Chuinn
do roinneadh do réir chomhthruim
fíadh Néil fa cheartroinn chabaigh
ag deaghchloinn fhéil Fheradhaigh.
Sealbh a hiosda ’sa háras
a flathas a forlámhas
seóid Bhanbha a mínleach a magh
an prímhleath tarla ag Túathal.
Do mholsad don mac eile
a fáisgleanta a fásoighe
iasg a fíarshroth sroithgeal seang
fiadhach a foirthri bhfairseang.
A-dubhradar na dronga
di gur ceart[roinn] cudroma
brúaich ghúais[e]amhla Banbha Breagh
gabhla cnúaisiomdha a ccoillteadh.
“Ní bhiú aimhreidh gan fatha”

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ar mac óg an ardfhlatha
“o fúairsiom fios ar gcoda
do lios cnúaisliom Cearmoda.”
27 An mac óg do fhuiridh ris
ranig sé seálbh an fhlaithis
eang na ccleath bhfeigbfhillte bfhíonn
a leath n-eiginnte nÉirionn.
28 A Thaidhg(h) da ttuige tusa
an roinn fúair an Fiacha-sa
d’fhonn tréadfhaghlach na ttrí bfhear
ni héttarbhach í acht aimser.
29 Diomháoin ar ttús a tárbha
cuid ronna gach rioghdhamhna
a ródhocra is geall le glóir
somholltha earr a hanshoigh.
30 Do chuid tíre a Thaidhg(h) Uí Rúairc
farsíng dáit í le hiomchuairt
seinchighe a droibhel ’sa dionn
leithrighe oilen Eirionn.
31 As an leath-soin úair eigin
do bhean Brían mac Cinnédidh
tar miocabhair aicme an fhir
rioghthalaimh mhaicne Mílidh.
32 Sealad da thearmo tosaidh
gur chaith sa cuid ronna-sain
an teachtachadh do thogh Conn
ni gabh creachtfathadh canonn.
33 Sreang o gcantar cuig-. (?) sreing [10]
eisde fúair a bh[f]uair d’uirreim
a guaillibh *fionnlearcc feadh nglas
do geabh an Croibhdhearcc ceannas.
34 Annamh fúair ni fios mearbfaill
neach da uaisle d’Eirionnchaibh
ceannas gasraidhe bfhear bFháil
gan seal n-amhsaine d’fagail.
35 Geall le righe dod rosg corr
a mhic Bríain a bhrat sáordhonn
roid(h) fhoghla sheanchúain Sionna
leathbhruaich folmha úa nOliolla.
36 Slighthe báoghail bhrúaich Lúighne
cíomhsa Múaighe mallghairme
bruaich dhorcha ghlainShleibhe Gam
dorcla aimhreidhe úa nAnmchadh.
37 Duit-si a Thaidhg rob túar righe
ar chuid d’áoibhneas eantíre
ní reacfa fíanghleanta o bFhloinn
slíabhlearga Eachtga is Umhaill.
38 A n-aisge ni fuighther úaibh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bóird fhoithreadh Átha seanLúain
ní mochthreigfe gabhla a ngleann
sroithsleibhthe gárbha Gaileang.
39 Aóibhinn t'innme a úa Riocaird
don éing éignidh oirdhearcaidh
ochta slíabh gáoithmeide gleann
ní triall aonchéime th'inn[e]all.
40 Gnáth iomat a éarla lag
iolach catha íar cclódh námhad
troid im rochrannngal r[e]and corr
le mochlabhradh mbeann mbuabholl.
41 Stuic ghlíadh acc greasacht anroth
fir ghonta acc ól fúaránshrot[h]
ruiscc chorra ag gruaidhnigh[e] gon
colla a suainlighe ag siobhal.
42 Ógbadh ag cuimhne a gcleas ngnáth
sgeith óir ag iadhadh mbelsgáth
cáor ármshlógh fa fhéighe sgoth
bréide fandshroill 'ga bfholach.
43 Láoich ag ionnsma a n-árm sénta
seinm greagh gairrthe bhaidhbelta
gáoth reodhchuisne ag gleic réd ghóibh
dheit is ceólchuisle ar camáoir.
44 An é ceannas chláir Bréifne
do-geabtha a gnúis shoileirthe
mar lúadh san obair-sa ort
o shlúagh codarsna Condocht.
45 Mun budh réidh a rún cogtaidh
cuirfither cruth iongantach
léd ghrúaidh mbreicmín nduinn ndathaigh
do séintír Cuind Céadc[h]athaigh.[x]
46 D'inghin Áodha óras mionn
a measg ollamhan Eirionn
teacht go mbéim n-oinigh uirthe
doiligh in cheim chathaigthe.
47 Ag Máire do mheas aoidheadh
geall ógbhan fhóid fionnGháoidheal
an bhánchrobhaing gan béim sgol
do fhreimh glanChonuill Ghulbon.
48 Siol riograidh [fh]réimhe Conuill
gnúis mháordha is máll n-urogha[i]ll
earla dealbhghlan solus sáor
foras meanman na macáo(i)mh.
49 Aoibhioll adhanta an oinidh
grían thiobruide ar tathoighidh
ságh muighe feronnghlan Fáil
beanfhoghluidh duille an domhnáin.
50 Ag díon Fod(h)la an fhochuin tigh

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

do cleachtadh Aodh Magh Uidhir
cnis do chiorrbadh cladh catha
lámh do dhiongbad[h] deacracha. Cathaigh ...

82

Ceangal soidhéanta síodh Dé
[NLS Adv 72/2/14, 19v]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Ceangel sodenta siogh Dé
doi(gh)de[nm?]a g[a]ch ni do-ni*
nirb fiu oirne doiger de
se d'oighidh dar coimdhe a gc[lí].

2 A-niogh ní doidhenta dúin
an Ri(gh) fa sode[nm?]a siogh
ni he ar fhechad rinn nach reigh
acht sin[n] fein dar ndenam dín.

3 Cland Ebha da n-agra Dia
'na cnedhaibh ca tagra is teo
guin an tairnge da dti riu
dob fiu a daingne do bí a mbeo.

4 Baoglach lem da n-adhnadh uam
a fhearg ar snadhmagh ar sigh
tonn bhagha an troighidh nir traigh
gur baidh doigher chara(dh) an cigh.

5 Coill fosga ni budh din damh
an ciogh gur cosgair an tsleagh
do tshaer aonga cach o[a] gcin
gnath an fiodh ag caomna chen.

6 Se line taighdigh a dtír
maighden ar sinedh a siul
ní mairg 'ga mbí an bancend tsloigh
do-ni doibh aithgerr a n-iul.

7 Ar relta eolais an Ogh
eolus do-g(o)ena da gaol
cuiridh en a healta ar iul
do fegh ar Siur rempa an raon.

8 Croinn clóena sinde re seal
ní linne ar gcaomna trear cor
benadh cnuas fecadh a fiodh
suas or gcin n[i] decar dhol.

9 An tslighe do dirghe dhúin
acht sinne ag sine[dh] or Sia[i]r
ar n-eltin[-ne] ot sheilg gur tsin
techtaire cigh deirg 'na ndiaigh.

10 Denum enig d'fiachaibh air
ga misdi a n-iarthar 'na fuil
grasa an leinbh don taobh as-toigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar ghoin an deilg mhaoil a-muigh.
11 Ga beg dam daing(e)n[eaghadh] sigh
ar chan an t-aingel re hOigh
dealg a mbois a hoighre uain
buaidh a gCoimde ar a gcrois cóir.
12 Clann Ebha or toll[adh] a taobh
ni horra[dh] re heric righ
luagh a fola ma do iar
mor an mian dola gan dil.
13 Ar h'iocht is dogulta duin
or gcin ni conartha siogh
ner ogru (?) dun ar *gcoimde caigh
an baidh ar cul coml a an chigh.
14 Sinnedh duit-si ni horra fhiach[s]
th'fola na cluinnter re cach
beitte da[o]ibh ceilligh fan gcioch
dioth re denam gaoil is gnath.
15 Tig le[i]gh[e]as *talman don Oigh
le deithnes ngradha do gao[i]l
bertha a bhuidhe sin *reir Siair
lia[i]gh do gona is-tigh re thaoibh.
16 Do ceiledh le t'oighre th'fiach
do-roighne ar legh[e]as gan luach
gur fas taman na dtri mbla(i)th
ath th'falad[h] (?) do bi os bruach.
17 Is [s]i [i]s m(b)uime is mathair daibh
ar ngabhadh tuinne do traigh
ted brat ar t'falaid[h] (?) on Oigh
anaidh coir a mac ag mnaibh.
18 Gur sgao[i]l banogh ar mbrat ciach
nir an ar charoin na ar cich
rug (?) a nglas coire do chach
bas ar scath na *banoigh ar t'[fich].
19 Teacht ot f[h]erg is obar duin
a lenb gan ar n-obad[h] (?) uaibh
ni he an dealg ad bhois bu brigh
do(th) shin t'fearg a cois ar cruaidh.
20 Da caraid in seacmain (?) siur
dar gcabhair do lethnaibh lion
fada as-teg do baid ar mbag
an tshleag dar lan *craic do ciogh.
21 Do derga (?) theallad an taoibh
a gcerdcha ar gcennaigh do-chuaidh
ball oirneisi cabra(igh) caigh
tarla a laim th'oighri-s[e] uain.
22 Ar fher aladh *h'aoigridh a O[gh?]
ar coimdhe tanaig da taobh
guin *oigridh ni hom a nduin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tor a huir beiridh braon.[s]

23 T’ferg th’faobhrach a gcoimair caigh
saobhsruth le mbloghtar a *bruach
tri deilg ara faobhair fa[o]ibh
re caoir nderg ni baogal [buaidh?].

24 Na hagair an ciogh ar chach [20r]
siogh da gach coga(i)dh is crich
rachaid do [d?...]ir le[i]nn da luach
gre[i]m da b[ruach?] gan oig ar t’fioc.

25 ’S tu an lenb ’gar saire ar siogh
a cherd na ndaine is na ndúl
do lin do buime dar mbagh
lar an buinne gur din duin.

26 Fuair a luach leighis a laim
do luach ar leighis dar lia[i]gh
tug fan dtroigidh a thoil fein
beim an *oreng dol ’na diaigh.

27 Guais m’athobad[h](?) on tí is triur
gach ni a n-amurus far-íor
baoglach coir an leinb sa[n] Lúan
ni dual gan laim ndeirg do [díon?].

28 Da dtí a f[h]ioch is obair doibh
nach bu cogad crioch a siogh
fada ag cloinn Adhaimh an uain
’s gan uaim aladh croinn an chiogh

29 D’és a f[h]erge d’adhnadh triom
ferde mar gabhtar ar ngaol
ferg fir gonta ni bi buan
luag *m’obpa da dti dod thaobh.

30 Cnedh a gcrighe uam[s]
ar sligidh (?) do-roighne reidh
braon dar lethnaibh ni luibh shigh
fertair on cigh dar bhfuil fein.

31 Sil Ebha legidh fa f[h]le[i]dh
egin treabad[h] (?) risi[n] tail
sinn uad do mothaig a-muigh
ní *fual achd suan otha[i]r air.

32 Coig gona ag aignes uam[s]
do chora ar gairdes a ngaoil
do bre(e)th chaich as-tegh a dtír
d[o] sín laim tar a fiodh fein.[r]

33 Terc duine nach deora dín
an uile go seol[a] ar siur
cnu mullaig na riobhan rón
lór rioghan d’u(i)rraidh re hi[úl].

34 Imdha conair reitigh roin
denim orra gin gur(u)b ail
derna ’gar *g[c]oimdhe le cigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

da berna lín cobra(igh) caigh.
35 [..] toirbearta na dtri ndér
sigh ar gCoimdhi-ne ar ar gcul
a *hoiger nír bhfalair ron
Ogh a[g] gabhail deiridh duin.
36 [...] ais fearg a dalta fa deoigh
muna gabad[h](?) serg or Siair
ni bacc tós oinigh don Oigh
nos an smoil doigher 'na dhiaigh.
37 [Ca?]bair inar gcoinne co(i)r
Muire dar dtabhairt as-tegh
ar *gcoimdhe ar bhaincenn na mban
do gabh aithgerr cobra ar gcen. Ceangal ...

83

Ceann na ríoghraidhe rí Uladh
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 208]
Seaan Buidhe Ó Dalaigh cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Ceand na rioghruidhe rí Uladh
Ulltaigh ós cách do chuir sé
tearc ar chlú a ccumaidh a ttreinghníomh
cnú mhullaigh gach einríogh é.
2 Na cuig cuigidh cía dá bfhreagruid
fiarfaigh d'eolchaib[h] fhóid Dha Thí
a theisd da madh áil a haighneas
nír ceisd fár chóir aidhneas í.
3 Suil fúair Toirrdhealbach tús righe
righe ris ní rainicc síad
do thuill a rádh os gnáoi Ghaoidheal
nír lán cráoi don áoinfhear íad.
4 Mur ta an rí-si os rioghradh Connacht
's ós ceann mhaicne Mhodha Néid
síol Néill na maoidheamh 'na mhasla
aoinfher dhíobh feain tarsa téid.
5 Ceannas Ulltach ní hé mhaoidhim
ar mac Neill fa neartmar sluagh
a seilbh a ccapra ón tra tiachair
táth Banbha is da fhiachaibh uainn.
6 Gebhaidh Ó Néill neart an Cuinn-si
Conn mac Úna ba hard gníomh
nir ghabh sé cúigeadh a ccomaidh
sé ar chuigear 'na roghain ríogh.
7 Rioghacht cuiccidh on chath Gallda
ni ghebadh Criomhthann nía Náir
's ní dheanadh riú roinn fán rige
Goill a-niu gidh dínne dháibh.

Royal Irish Academy, Col. na Trionóide, TCD

8 Lugaidh Sriabh Dearg na ndúas rioghdha
gan roinn Éirionn dob fhiu a chlú
a chrann seóil cubaidh dar ccabhra
a ndeoidh Lugaidh tarla tú.

9 Feidhlim Reachtmur fá rí a tTeamraigh
tuilleadh 'na cheann do cuir sé
sí ar tós acht gur theigh ré Fheilim
nós Í Néill fá Éirinn é.

10 Cread fa roinnfeadh rioghacht Eirionn
Ua Neill Caille re Cloinn Néill
fada a feidhm roghan don ríghi
gabadh le a seilbh fíre féain.

11 Fá chúan Bóinne beiridh sidhe
seabhac Banna na mbrúach tte
budh móide a trén dréim re deabhtaibh
rén Í Neill go ndearbhtar dhe.

12 Gebaid[h] Toirrdhealbhach tréan Laigean
lá in tionoil suil tí tar ais
budh mór [a]gá ndíol um daighfleidh
go cor riogh ar Laignibh lais.

13 Gearr go lingfi laochradh cCaisil
coimmeas Tórna tiocfa riú
lé raignibh curadh chlair Fhodla
cáin Mhuman go ttogbha tú.

14 A ráith Cruachan cuirfi[dh] seision
Síol bFheargna acht go bféacha sé
rí ós Chrúachain do Chloinn bFheargna
ag roinn núachair Teamra Té.

15 Fuicfidhear leis lá na togha
an tra lingfeas ón leith túaidh
a rogha ríogh don fhréimh Ulltaigh
dó Síoll Néill a hUlltaibh uaidh.

16 Do-ghéna [fós] feis na Teamhra
ar Theamhraigh Chuinn cuirfidh séilbh
ar lórg anma na ríogh reimhe
díon Banbha gur bheile on bheirn.

17 Fúaras *ó Conn na ccath meinic
ní misti an sgéal sgáoilfeas mé
ma tá nach sgéal núidhe a-nallan
duinne bá [sgéal] and(h)amh é.

18 Ceithre cuigidh do chrích Éireann
a n-agh[aidh] Chuinn do-chúaidh síad
mó na cothrom dhóibh do dháoinibh
rothrom an tóir áoinfhir íad.

19 Nír ghabh le Conn cuingidh Fód(h)la
acht fían Chrúachna 'sa cceann slóigh
's na fir 'ga mbíodh teann na Teamhrach
geall a ngníomh ar dheaghrath dhóibh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

20 Do fógradh Conn ó chrích Uisnigh
go hucht cCruachna nír chéim tais
ní thucc biodhbha ar ar bladh báire
’s nírb iomdha ag car láimhe lais.

21 Leanais Modh Núadhad náoi ccatha
Conn is annr-. (?) Mhuighi hÁoi
fada ar Mhumain é ’ná fhaghlaidh
re thuraidh (?) or ghabhlaigh gnáoi.

22 Na náoi ccatha-soin chrích nÉirionn
a n-aghaidh Chuinn nár cleacht tlás
suighidh a hucht *tholtair Tlachta
lucht chogaidh ’sa bfalta ar bfás.

23 Conn ar theaguscc Chonaill Chrúachna
cuiris teainnti bá túar áidh
’s na náoi slúaigh gan bhoing da mboghaibh
a ccóill rúaidh ar chomhair cháigh.

24 Fillid tar ais san iúl céadna
ó Chonn áirsidh Átha Líag
nár dhóibh eladh acht ar eaigin
dob eanfhál slóigh eididh íad.

25 Leanais a-níar na náoi ccatha
Conn Céadchathach cneas mur thuinn
ar na náoi ccath no gur cuireadh
do bháoi a rath ag cuireadh Cuinn.

26 Tuitis le Conn ceile Teamhrach
triath Easbáinne anba an gníomh
’s fithe céad san ádh a n-áoinfheacht
tread gar cládh a ndraoig[e]lacht díobh.

27 Rioghacht Eirionn d’éis an chosccair
Conn Céadcathach nar char geis
cairt na Teamhra ó shoin fá shela
a sealbha a Moigh Léna leis.

28 O Néill Caille as Conn mac Úna
ionann duthchas dhligheas síad
croinn os chóill re cabhur Ghaoidheal
croinn taraidh ós aoinfhiodh íad.

29 Bíodh ag Ó Neill neart na Fod(h)la
mur fúair Conn nó céaim is mó
a ccan mé as doilligh a dhimheas
ós é as oighir díleas dó.

30 Ní bhíadh roinn ar riogacht Éirionn
acc úa na nArt anfaidh sí
a mían féain ar Bhanbha beiridh
tarla ceile deimhin dí.

31 Sealbh bhar n-aithreadh ar iath cCobhtaigh
ós ceann Gáoideal(h) gébaidh sibh
ní théid cáoilfhiodh a ccló bhile
ní ró áoinfhear righi ribh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

32 Sé rígh dhéag dó fhás ó Eogan
ós iath mBanbha do bhí an tréad
ar a cclú nír cleachtadh teimeal(h)
as tú an *seasmadh deighfhear déag.
33 Ná beanadh dhíod Dún Dá Leathghlas
an lia Fáil os fada a sgís
no an Bheann Bhorb tar a feart (?) féile
teacht ar lorg do fhréimhe a-rís.
34 Ar Dhún na Long no ar Loch Feabail
fiadh Tailltean na tréigi[o]dh sé
da madh sgur d'Ó Neill ni neamhghuth
gan dul do léim Teamhrach Té.
35 Ar Dhún Sobhairc nó ar Dhún Droma
nó ar Dhún Libsi na learcc tte
d'Ó Neill as eidir gan anadh
na léiccidh leaim Danar dhe.
36 Ar Mhagh Líne no ar Loch nEachach
nó ar iath Macha ná múr réidh
fían Eamhna ní trath da tturbadh
ráth Teamhra na fu(i)lngadh féain.
37 Do thabhach comthadh chrích mBanbha
biodhgfaidh Ó Neill le neart slúaigh
fearcc [...] roibhinne fán ríghi
én soininne an tíre túaidh.
38 G[é]ar leó tarrsa da ttrian einigh
úaisle Gaoidheal guirt Dha Thí
an geall tug Néidhe don Níallfhuil
ní rucc Éire is iarraidh hí.
39 Mar tá fós a mbélaibh seanchadh
sealbh Fhód(h)la ní furáil lais
gan fhuil(l) ríogh ag dréim re a dhaoinibh
Ó Neill ós shíol Gaoidhil Ghlais.
40 Fada a-táid re teisd nar filleadh
fuil Eoghuin lé n-éirghid slóigh
ar ceann cleire 'na mbuaiph bleachta
féile an úair budh deacra dhóibh.
41 A mbladh os cách cuirid sinnsir
Síol Eogain an einigh láin
acc so ar mbreath don té nach ttainaicc
a mheath dá mbé a ccáruid cháigh.
42 Tonn feile as oirrdearca tairthi
tírthi biodhbadh bhíos dá híoc
tonn nach bfhogaim clú na cáruid
dó chrú Conaill tainic tríot.
43 Nír imir beart acht beart oirrdearc [210]
ó áois leinibh lór dó gnáoi
ré lán nárbh éidir gan fhógra
gur léigeadh clár Fód(h)la fáoi.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

44 Ré shoininne shleachta ríNéill
rí le ttéighfi Teamhair Breagh
do ráth Lugaidh as é as oighre
ré thuraidh re coimhge ceann. Ceann ...

84

Céidrí an domhain an Dúileamhs
[TCD 1337 (H.3.18), 867]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Ceadrí(gh) in domhain i[n] Duileamhs
da dhealph Iosa in cruinde ché
da dhealph a ghlac in mhuir mhoinghmhear
's nir chuir ar mac ndoinngeal nDe.
2 Isa Criosd ceadrí(gh) [n]a talmhan
tug dar ccionn a fhuil 's a fheóil
genga tig se a ccli ba comhair
búdh é rí(gh) in domhain fa dheoidh.
3 Aithne damh deiredh mo leaptha
leaba cumhang da criaidh fuair
sind ag luighe ar in lucht romhainn
lucht oile oruinn san úaidh.
4 Cathir úasal is fearr deanamh [868]
do dealbhudh lé Día na ndúl
imdha glanl[us?] ban gort ndaighin
parrthas port [na n-?]ai[r?]thin n-úr.
5 Ceathra hairde chaemha na cruinde
Criost(a) a ceadri(gh) corcra (?) a ghné
dibh da daithlinadh a ghealbhghlac
nir haithrighadh deaghmac Dé.
6 Beag da mhir[bh]uilibh Mic Muire
milleadh chaith 's a ccur da sodh
[....]sid sogh[...]bhfa truaill ttalmhan
slúa[i]gh in bheatha is marbadh mor.
7 [Tuig?] [.....] uili le [hIosa?]
idir Ghaeidheal & Ghall
gach [.....] 'ga hagar
breath in Luain [.....].
8 In dini-se [gan.....tha?]mhain
treagan Iosa is olc da-niad
fearonn [féaraigh?] fás gach duine
béaraidh i[n] bás uile iad.
9 Do cheand [...]un siol Adhaimh
d'fuil a chinn & a chuirp
tug [.....cr]oidhe da ccabhair
nimhe a n-aghaidh gach uilc.s
10 Nocho dearnain [d]eirc no díadhacht
ar a domhan dioghna in fath

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

nir sioradh [poind?] ealaidh oirrne
gur cennaidh in Coimdhe cách.

11 Cuiridh ar faighi an fear conaigh
Criost mac Mure mac cen bhron
's da-beir ní dan dhuini dilmhain
Ri(gh) na n-uili is mir(ui)bh[u]il mor.

12 Seis[e]an tug dha[mh]-sa an dán solas
as [s]e Íosa m'oide riamh
as e da chuir gach rann romhainn
da bhfuil thall um cholainn criadh.

13 Ni me da-ní dúan [don *de]eamuim
*socho denadh li[...] lía
ge madh beag [...ean] ran duile
nocho denann duini acht Día.

14 Da-ni crin do chrandaibh [i]ubhra
airdRí(gh) nimhe is náemda in cás
do-bheir i[n] liaigh as na leaghaiph
a criaidh ar na feadhaibh fás.

15 Mairg nach tabhrand duit a dhuthracht
a Duilimh a dreach mar thshuibh
beith gan a riar a Ri(gh) nimhi
as i ciall as miri a-muicch.[x?]

16 Narab é mi[...] Iosa iffriond
ionadh fallsa na bfer ngorm
da ndernaind triall a teach ndiabhail
da biadh breath 'ga hiarraidh orm.

17 Da-rinnis an rioghan oirrdric
Eabha ba haluinn a llí
da lamh geal a chraebh a chrabhaidh
da bhean a thaeph Adhaimh hi.

85

Ceilt na hoirbhire an annsa
[RIA 744 (A/v/2) 'Dillon Duanaire', 16a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ceilt na hoirbhire an andsa
bid dá chéile [i] [g]codarsna
a[g] cur um aghaidh ar-áon
samhuil da agh fá énláogh.

2 Bí[dh] (an) annsa 'na haghaidh sin
tig an oirbhire ar uairibh
d'oirbheire dhamh-sa ar dha mhodh
annsa is oirbhire d'iomchar.

3 Tógbhaidh an oirbhire m'fhíoch
ceilidh an annsa ar n-eissiodh
níor dhíol a gcora a gcáraid
cara dhíobh is deargnámhuid.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

4 Dom bhuaidhreadh thrá le treimhsi
níor cheilte dá gceilinn-si
tig an fúath ’sa[n] grád ’na ghar
lámh ar dá bhrúach as báoghal.
5 Lór m’oirbheir[e] ar an iúl cóir
leanfaidh sinn go Ser Criosdóir
ag so fíorbhun dá ngébh greim
sgél do dhíorgadh ’ma dhlighim.
6 Run ríaghla nar bhris [a] *moid
oidhre s[onmech?] Se[i]r Teabhoid
fosgadh coillbhile cuim sgol
de thuill m’oirbhire ar adbur.
7 Leannan ollamhan oile
énseabhaic bruaich Bóroimhe
croidhe gan tlás a tteangmháil
sás a *fire d’einead[.....].
8 Fraoch leomhain laithe feadhma
sgiath chosanta cathbhearna
lámh as rathbhuaine ag riar sgol
athGhuaire fial [na bhfeallsamh?].
9 Aigneadh curaidh caidreamh sáimh
meanma ard focal f[olláin?]
ar n-anam ar gcéile coir
racham ó cheile [as] Criosdóir.
10 Do charus leandan nar leam
tárla ’na cheile choitchionn
ag eixib Banbha as beart cóir
ni searc nach damhna [dobróin?].
11 Mór an [...]uinntear [air?] far-íor
sás cora dáoine a ndim[bríogh?]
do haithnaidh [é] ’mon am-sa
se do aithbhear oram-sa.
12 N[a?] beit [.....]
go [.....]
do sén ar [.....]
sgel [.....].
13 Ge a-ta [re?] roidheagla rinn
do[m?] [cheile-se?] is ceil[.....ruim?]
grúaidh dhoighear[gle?] ara snúadh
[.....].
14 G[idh eadh?] tra do thogh [...]
mar cheile mar ched[.....]
fagh ar [...saoibhcheille...]
[lór?] mo [...]cheile [.....].
15 A[ca?] sin ga sompla as fearr
l[eanaid leo lorg a ceimeann?]
as lor d’eangnamh is d’eineach
[don?] pór [geal?]ghlan g[.....].

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

16 Tarbhach do thiocfainn uaidhe [16b]
dá mbéinn am fher énuaire
fána bhrondadh nír mhill mé
’s us sinn am ollamh aige.

17 Cred fá mbiadh orm ’na eire
ferr leis leandán thuilidhe
beith edmhar duin ge doilidh
fan ngégghlan mbúidh mbogeinigh.

18 Bláth fíneamhna freimhe Gall
do thréig mé ar ollamh eachtrann
bas gheagghlan gan grad do crodh
édmhar a-tám ’na thimchol.

19 Fada as-teach um chli cholaigh
frémha an pheacaigh phíanamhuil
baoghlach dhamh doimhne ar loicht-ne
gabh a Choimdhe ar ccomairce. Ceilt ...

86

Ceist ar eólchaibh iath mBanbha
[RIA 726 (23/C/19), 30]
Eogan O Dónnaoil cecinit
[Deibhí, Ógláchas with loose syllable count]

1 Ceist air eólc[h]uibh iat[h] Banba
a bhfuil re heólus ealadhna
creid do-bheir gan gleic da chionn
Eire ar urlamh eachtran[n].

2 Síol Néill dair dhual gach umla
na fionnchroinn go gcnuasuibh cumhra
a ttuitim gach lá don gloin ngoile
tug f[o]nn Éirionn a n-anbhuinne.

3 Diothchuir na dreime-se síol Néill
siodhraidh na g[c]rann gcaolréidh
do-bheir gasraidh Gaodhal grinn
ag fasgnamh ó iat[h]aibh Éireann.

4 A ttuitim so mar sgriobhtar lín[n]
ce cás doiligh do fuilang
teacht uatha do saoilfeadh cách
gur thuit aonbhile Teamrach.

5 Aonbhile Teamrach Seaan Ó Neill
mac(h) Cuinn Bhacaigh na n-echt n-aigmheil
fea(i)r nar caoimhain cródh na creac
arfaidh na gcleas n-iongantach.

6 Fear mar Usgar uair eile
air aille cuirp caomhghloine
fea(i)r gan uamhain ag triall a-mach
an mílidh mar Chonall Cearnach.

7 Fear fa choismhuil boirfaidh is brígh

Royal Irish Academy, Col. na hÍrlanóide, TCD

re hoilchleasaibh Chon an chleitín
fear gan cra uim ór do neach
taighleóir trean tíghe Teamhrach.

8 Fear gan sgath re hucht gréise
no re bíodhbaidh da mhórthreise
fear do sheasmhadh an taobh budh turma
eanga na ndrong n-all[mhurda?].

9 Fear gan coimhmheas leis dair linn
d'ógfhearaibh iat[h]a Éireann
fea(i)r ar dhual gan gleic da chionn
tairseach tealaidh na Tailtean.

10 Budh dual do Seaan cathair Chuinn
Dún Áine is Dún Geanann
géag d'fioncran[n]uibh Teamhrach Breag
fionnchrann budh truime toradh.

11 Dual do-san Eamhuin Uladh
áitreabh saor na seanchura(i)dh
dual do tre chéimibh Í Chuinn
árdcheannas air fhearuibh Éirenn.

12 Breac taobhgheal tuinne Doir[e]
a thuiteam (unas) is *caor urbaidhe
éigne Banna na n-eas n-aille [31]
maigre Succa is seanMhaighe.

13 Seabhac siubhlach Mhuighe Linne
marcach Muighe Muirtheimh[n]e
re a thuitim is trúaigh linn
do thuit Eire ar a huillinn.

14 Do thuit Éire dearbhtha linn
do thuit Seaan mac saorChuinn
damhna rígh gan aonbhéim
don fhíorsh(u)il-sin naomhNeill.*

15 Leónadh cla[i]r Eirenn uile
bás tSeain cuis urbhaighe
tríath tromda na claon octach (?)
feinnead fa choimseach crobhneartmhur.

16 Caill báire a mbeal beairna
bas na géige fineamhna
caill cluithe clár Uladh
bás sithbheithre na sáorchura(i)dh.

17 Creacht nimneach nach leigios lossa
bás mhic árdrígh Bheairnossa
do laghdaig uaill Ulltach ann
's do meadaig uaill bhfea(i)r n-eachtronn.

18 *Ní croinn is airde torradh
doibh is foigse árdleagadh
mair is léir tre eagbhas ui Chuinn
feinned gan aonmaith fá urraim.

19 Do thuit uaithne(d) innsi hAirt

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

a nEchraim ca frithre feilbheirt
doilge Seaan na sleagh neimhnech
aonuaithne (bh)f[h]ea(i)r nEirennac[h].
20 Aonuaithne Éirenn uile
Seaan mhic Cuinn breac buantuile
lamh gan chosg(e) gan cómheas ris
rígh beithre aig is iongantais.
21 No go n-airmhther gaineamh mara
no duille feadha fothairsna
ní hairmhthair gan locht gan bheim
gach maith da raibh a Seaan.
22 Slán feasda re gach féile
re gaisgead is re glanmhéine
do thuit lamh seasmha ar socair
go bráth [is] ceist cruadhdhocair.

87

Cia a-deir gur imthigh Éamonn?
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 199]
An fear ceanna (.i. Fearghal Óg Mac an Bhaird) cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cía a-deir gur imthigh Eamonn
leaca ghartha gnúis gneadhonn
geag abhla do thabhoigh tnúdh
maroigh gé thárla ar tteasdúgh.
2 Mairoigh clú mic Mháoil Mhuire
um Bhóin[n] 's um Chuan Corcuidhe
biothmharoigh an clú do choir
fa bhrú iothchaloigh Fhorbhoir.
3 Mar sin nar imthigh ua Chuinn
airgne & eachta Éamuinn
luagh ortha um Cruachuin na ccath
's um bhruachuibh Tholcha Teamrach.
4 Teas a dháonnacht ag dáil chroidh
a úaisle ar thír 's ar thonnmhuir
's a dháil tonna a moigh Mhumhan
ní bfhoil orra acht urrdhubadh.
5 Do mheaduigh le cosnamh cath [200]
is lé himirt bheart mbaoglach
fine Suibhne chráoi Cobhthoigh
cáoi dá chuimhne a cConallchoibh.
6 Ionnsamhuil Fhinn mhic Cubhmhaill
fear bhrisde bhearnadh ndofhulaing[s]
nar ghabh gúaisneimh a ccrú chrann
a chlú do uaisleidh Éamann.
7 Do chosnamh cadhuis na sean
olc fúaradar mic Mhíleadh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

gan a thogha a nAlmhuin Finn
os damhruigh fhola Fheidhlim.

8 'Na ursoin reisan táoibh thoir
nír chubhuigh é acht a nAlmhoin
gidh bé dar cháir oigreacht Finn
ar láimh ar oirbheart inghill.

9 Do budh baramhuil e d'Fionn
dá mbéidis do bhreith sgribhionn
na hEireannuigh fá umhla
dá céimeannuibh cathardha.

10 Maith do thoill mac Mháoil Mhuire
do bhreith sgol fhóid Iughuine
bheith san mbuannacht do bhí ag Fionn
ar núaghort Dha Thí timchioll.

11 Mac Mhaoil Muire Mhic Suibhne
cloch chúil chatha Modhuirne
tuir cháich athbhuanna mur Fionn
cathghuala ré ráith Ráoilionn.

12 Dá mbeith mur dó bhí a[n] Niallfhuil
úa neartmhar Néill Náoighialluigh
ní 'na bhúanna do bhiadh sin
acht ag tríall uama Uisnigh.

13 Roimhe go Niall na Náoi nGlas
sé rígh dhéag dearbhthe an seanchas
saighthe uama fhola Neill
nír bhuanna duine dhibh-séin.

14 Buannacht ó gach nduine dhíobh
do-gheibhedh Fionn na bfaidghníomh
d'úaim na sriobhfhonn um Bhóinn Bhredh
dóibh dámadh ionond aignedh.

15 Dlighid Síol Suíbhne mur sin
Clann Bháoisgne do bheith fúithib[h]
Fionn féin feólfhuil Finn[s]
ré préimh Eoghuin nírbh ingill.

16 Ger lór uaisle Síol Suibhne
sul táinig tuir Modhuirne
ar shíol mhuighe chnuaisghil Choinn
do úaislidh uile a n-urroim.

17 Biodh nach budh úasal a bfhuil
nír bheag dho bhreith gach ughduir
dá ccur a n-úaisle a cclar Choinn
lám is úaisle Éamoinn.[s]

18 Nír bheag d'úaisliughadh chrú Chuinn
do bheith a n-aimsir Éamuinn
fearthuinn oinigh fhear nUladh
ar feadh oirir íarMhumhan.

19 Do thuill a n-iarthar Eireann
lámh uaislighthe a n-airdchéim[e]ann

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

urroim Gaoidheal do chrú Choinn
d'áonfheadh gach cnú don *chrobhoinn.
Do líon a chlú Ceann Choradh
's gleannta diamhra deasMhumhan
's na máoithghleannta don táoibh thall
nír cháor áoinceardcha Éamann.
Na tuatha ó ttáinig a fhuil
do meaduighedh sa Mumhuin
& Doire & Dún na nGall
go [l]oighe fa úr d'Eamand.
Tuir na ttuath an trá(i)th do mhair
a-moigh idir chloinn Charthoigh
do thoill céim d'Ultuibh uile
Ultuigh san réim(h) ríoghruidhe.
Tír Chonuill na ccupadh sean
ní heineire do fhuilngeadh
is úaisle ríogh fréimhe cCuirc
do-níodh le chéile a ccosuint.
Lé cathuibh le coimhríar sgol
mar thír Chonuill do chosnodh
Mumha bhinnte an bhruaigh leabhair
mur fuair innte a oileamhain.
Ní díth óir ní heasbhuigh foinn
tug dhó seachna clann cConoill
acht gradh na hoileamhna air
lámh réar doighdeaghla deóraidh.
Mac Suibhne dá madh loinn lais
do thaircc Ó Domhnuill Durlais
do ghairm ó dhuthrochttoil De
pailm ó úrportuibh Eirne.
Eamonn easgchara an ionnmuis
nír ghabh sé an slait ttighiornois
ó láimh Í Dhomhnoill Doire
do bháidh chormfhoinn Chorcoighe.
Gradh Mumhan na máoileann tte
's gur gealladh do éag innte
dob fháth anamhna ón tír thúaigh
don ghribh n-adhamhra n-armrúaigh.
Aidir chloinn Charthoigh Chúan Dor
a-tá a fheart a moigh Mhumhan
acht gerbh athardha an tír thall
do ghríbh chathardha Chualann.
As ger dhúthchus dhó an tír thoir
fuair oighidh ar an eacht-soin
mac Cumhaill a muigh Mhumhan
tuir fhulaing na n-ollumhan.
Lór dhamh-sa dhá dhearbadh sin [201]
gur bearna cairt do chinidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

flaith fá gleóbhurba os cionn chreach
Fiond leoghantha fa Laigneach.
32 Acht ger Laighneach Fiond na bFhian
tuitim a Mumhuin Mhaicniadh
dho do bháoi a ndán fá dheiredh
fá dráoi an fáidh lear foillsigedh.
33 Ag léim tar an mbric mbladhuigh
fa dheoigh do thuit tíaramhuin
mur nar shaoil idir shíol cCuirc
dob fhíor don draoigh a ndubhairt.
34 Tuitim acht nar thuit lé léim
do bhí gear Ultach eiséin
a ndán don aithFhiond oile
a clár claichfhionn Corcoidhe.
35 Fionn oile chriche Coghuil
dar duthchas clar Concobhuir
misde ar cceart ar clár nDoire
a fheart a cclar Corcoidhe.
36 Bithneal dáonachta ar a droim
an gáoth téid tar úaigh Eamoinn
móide ar súil ré madh Mumhan
a chur a n-uir iarMhumhan.
37 Mac Mhaoilmhuire mhic Donnchaid
fa connsal do Chonallchuibh
faosamh cean ar ccrú Airt-ne
do gheabh an clú a chumairce. Cia a-deir ...

88

Cia ainéacas inn ar leathtrom?
[RIA 744 (A/v/2), ‘Dillon Duanaire’, 25b]
Muiris mhac Bríain Óig [Ó Maolchonaire] cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Cia ainecas inn ar leathtrom
lór mo loige gé dál doirbh
ni tig linn ar gceart do chaomhna
do fhill neart nach aobhdha oirn.
2 Cía lé ndinghéntar mo dhídean
Día do bheannaidh an bhioth cé
[an?] urra as fearr mar dhóigh dhamh-sa
dar leam ní tóir fhallsa e.
3 Fáoi Dhía do-dhena[a] mo dhídean
ar ndos diona is dion do chleir
Lúcas Diolmhain an chraobh chumhra
d’fhiodhbhuidh nár fhaomh umhla d’fhéin.
4 Gébhaidh misi go mac Teabóid [26a]
tuir dhiona [nac?] denann brég
[...] ós da ghníomhraibh umhla

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fiodhbhaidh chumhra gh [.....].
5 Ardughadh cáigh as ceim dhosan
dreagan euctach nar ob glia[idh]
mor rer gceird-ne ina teagh tárla
fear as feirde Banbha Bríain.
6 Óir nach diúltann le dreich n-áoinfhir
áirseóir Midhe na múr nglan
ní ghebh mé go háoinfhear úaidhe
ré Ghaoidheal is búaine bladh.
7 Fuil bharúin is íarla(dh) a n-áoinfheacht
fa ua Tomas as glan gne
bíoth úaim-si a gcomhair a chéimeann
d'folaibh úaisle Eireann é.
8 Fuil Ghearaltach gnath 'na grúaidhibh
gríobh bheodha beithir gan locht
seabhac Midhe na múr n-áolta
cridhe úr gan áonta ar olc.
9 Gnáth a ttimcheal tighe Lúcáis
láoich nach ttuill 'na thigh um ól
's dámh dá riar ar ródaibh crúaidhe
nár óbair tríall úaidhe ar or.
10 Iomdha fós a mbrugh na mbeannacht
buidhean aoidheadh ag ól corm
is sgol gan ríomh ar a roimhéd
's fíon ag dol tar choimhéd corn.
11 Meinic fós i Longphort Lucás
lucht seanma lé ceathaibh ceóil
dúnta a shean do ghnáth dá ngabháil
seal ag cach le hanáir eoil.
12 Dá fhad uatha(dh) longphort Lúcáis
lucht siubhail is deibhlen Dé
crann toraidh Gall & Gáoidheal
ní conair cham áoidheadh é.
13 Do-gheibhid fáilte ag flaith Airtigh
gach áit oile seachnaidh síad(h)
boict gan bhréig uaidhe dá n-altrom
ár ghéig Mhúaidhe as antrom iad.
14 Médaightheoir maithiosa Banbha
branán Gall nach gabhann bríb
ceart da fhréimh congbhaidh gan chláonadh
foghlaidh féin dá tháobhadh thríd.
15 Ionann chosnas códhnach Airtigh
a adhbhoidh féin gá fearr toil
Sligeach Búill is Beárnán Eile
neamhnáir dúin a thréine thoir.
16 Leomhan euchtach mhoighe Meadhbha
maighre linne Locha Raoibh
éigne geal on eithne amhlaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fer feithmhe dá ghabhlaibh gáoil.
17 Lúbhghort toraidh d'éigsibh Éireann
úa Tomais toga na sgol
rám tar shlighe gliadh ni ghabhann
cridhe fial nach gcarann crodh.
18 Dá áos gradha congbhaidh comhthrom
ceann na slógh lé mberar búaidh
fear nár fhaomh an chóir do chlaonadh
an chraobh óir len baoghal buain.
19 Draoithe um fhleidh ag Lucas Diolmhain
mar gach nduine riamh da freimh
's fíon d'ór a bhrogha ag bannntract
lór d'alltacht a chora a gceill.
20 Coimhlíontar le codhnach Gaille
a ngealltar leis a n-am oil
ní dhein breg a nglor na a ngealladh
geg do phor na n-earradh n-oir.
21 Énsgiath dhídin mhoighe Meadhbha
mac Teabóid as gloine gné
ar n-áonduine da ttraigh tuile
aodhuire chaigh uile e.
22 [.....] Bhanbha [26b]
[.....] sé
[.....]libh
eite luith gach einfhir e.
23 [.....]
[.....] aca as é mo leas
[...] all caigh don adhbaidh ar cheile
[...] laidh dhaibh ar thréine a ttreas.
24 Mar theithim go g[rian]Loc Glinne
do-ghebhim ro[m] sa teagh thall
[.....] feinneadh
[...] damh [...] óinfear ann.
25 As g [...] eóil na hEireann
d'iomad dáoineadh isan dún
teaghlach an tighe mur sháoilim
sine meanmnach aoibhinn úr.
26 Gíod[h] líonta longphort láoich Airtigh
d'úaislibh Éireann ag ól fleadh
ní bhfoighbhe fer[r] onóir fhile
a ttigh[r] chomhoil bhile Bhreagh.
27 An cheist do chuireas ó chíanaibh
cía do fhoirfeadh orm gach úair
Lúcás féin as cóir dhá dhénamh
ar fhéin mhóir do bhéradh búaidh.
28 [R?]ith [n?]eimhe do dhidean dúinne
deaghmhac Teabóid triath ós cách
ós é mo fhlaith a léim buidhe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

maith don chléir mo ghuidhe ghnáth.
29 Ós é fhoirfeas orm óm éigean
Íosa Críost an úrshlat fhíal
ó Dhía ní theasda mo thromghrádh
ní bhía feasda ar gcomhrádh cían. Cia...
30 Anfaid[h] sinne ag Siobhá(i)n mudhar
mór fhóghnus ann dá gach sgoil
craobh fhíal don fhiodhbaidh is amhra
ni biodhbaidh clíar tarla as-toigh.
31 Ag so an cheird rér cuireadh Siobhán
ár sén úaire dá grúaidh ghloin
réiteach clíar & clódh cogaidh
do stór ríamh níor thogair toil.
32 Do foidhreadh tré fholaibh uaisle
inghean Mháire móide a bladh
as samhuil dá fuil a féile
muir thoraidh an bhéinne bhan.
33 Créd dob áil da n-áireamh uimpe
gach áirdrí(gh) gach íarla ór fhas
brandaidh sí a hór gan fhuigheall[s]
a ní mhór ní chuireann cás. Cía ...

89

Cia an chúirt-se ’san caisléan mór?
[RIA 744 (A/v/2), ‘Dillon Duanaire’, 9b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cía an chúirt-si ’san caislén mór
ad-chím a chrotha ar ccláochlódh
ní nár dhúin nach aithním í
an múr (c)cloichshlim ad-chíthí.
2 Ni hiongnadh nach aithneand sinn
t[é?]rná égcosc a hinnill
in chúirt chíordhubh cáit ’nar ghabh
síothbhrugh ’na háit is iongnadh.
3 Deacair d’fhior a heóluis féin
in teidhm-si tárla dhi-séin
breachtrain mhúir eangbhláith d’aithne
in seanraith n-úir n-airmghairthe.
4 Geanchúirt chríadh in chaisléin mhóir
féch libh nach lór do tsheanmóir
cúirt tsháor as úaisle d’obar
a háol fúair-si a fothroghadh.
5 Coscc fíabhrusa clódh cumhadh [10a]
a hinneall a hordugadh
cúirt bháinte na ngloinshéd ngeal
coimhéd sláinte na silleadh.
6 Tuir gheala na ríoghbhrugh réidh

Roinn Chéitinn, Coll na Tríonóide, TCD

gérb fada a n-anchruth íad-séin
tug gloine na ngealbhrugh sin
deallradh goile ’na ng[.....].
7 Treabh áirsidh is áille dealbh
cúirt chaithmhe chloi[nn]e [Goi]sdealbh
ní múchtur a soillsi soin
dá ndúntur doirsi an dúnaidh.
8 D’éis gach adhnaidh dá bfúair sé
múr sean is soillse a nduibhré
tug seanmhúr na bfód bfoirfi
’na dheaghdhún óg áonoidhche.
9 Trí chéud blíadhain ré cois céud
áois in dúin dearbhtha in coimhéd
gé i-tá úr ’na hobu[i]r óig
in dún do thógaibh Teabóid.
10 Tugsad sealbh in fhóid iobhraidh
clann ghuaisbertach Ghoisdelbaigh
in ghég tsháor dá bfrémhaibh féin
d’énfhuil ar-áon is íad-séin.
11 An Goisdealbhach tig ar tós
’na seilbh sin is é imthós
ón chuid oile d’ógbadh Gall
go fódmhagh mhuighe Mánann.
12 Síol in Díolmhuinigh go dearbh
sul fúair cairt chloinne Goisdelbh
ní mó a ccóir ar mhoigh Midhe
gé thoir dhóibh is dáoinighe.
13 [D]o-chúaidh úatha dá éis soin
gein tsochair gur fhás úathaibh
a ttrén a ttreise a mbáthadh
frémh na deise dearbhráthur.
14 Díon a chéile as dóibh dleaghar
do bhreith a ngég ngeinioladh
gídh bé dhíobh dream is treise
ón fearr díon na deisi-se.
15 Dlighidh Teabóid íad d’fhaire
cnuic chorra chláir Chíarraidhe
gídh bé a-déradh nach dleaghair
féchadh sé na seinlebhair.
16 Clann Ghoisdealbhaigh na reand réidh
gé hionann fuil dó is dóibh-séin
tús garma is oighreacht an fhóid
d’oirbeart tárrla do Theabóid.
17 Sior Teabóid Díolmhain dearc mall
eite seólta slóigh fhinnGhall
’na beithir ’na ghríbh ar ghal
feithidh dá thír ’na thimchal.
18 Bí[dh] go neimnech eacht eile [10b]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

’na dhraig úathmhoir aingidhe
bídh go ccéill ag cáomhna cáigh
go háobhdha ’s go méin mhacáimh.
19 Do mhéin Mhathghamhna in l[eó?]mhain
bídh feadh in fhuinn ilcheólaidh
’s a-rís a n-aimsir e[ile]
[.....]sigh theinntighe.
20 Bídh go ceannsa fá co[rnaibh?]]
[’s ’na o]ide ’sna healadhnaibh
’s ’na fhéinnidh ar feadh bfeirge
[’s] seal [ag? déine?]amh díbheirge.
21 Beannacht [uaim l]é clainnaibh Cuinn
dá n-éis ní mór go maruim
[...] uil [im?] ghlór ag Gallaibh
is lór dhúin a ndubhramair.
22 Gio[...] Teaboid trúagh in dáil
m’fear cumainn is mo chompán
téid a-nois fa túir ttoirsi
dhúin a ccois an chomainn-se. Cia ...

90

Cia a-nois ’ga n-oiltear an t-eineach?
[TCD 1363 (H.4.22) The ‘Seithfin’ Duanaire, 145]
Maeilechlain mac Seithfin cecinit
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]

1 Cia a-nois ’ga n-oilter an t-enech
’sa hoidecht ’ga n-an-san
caidhi in mac righ d’feraibh Ulad
nách delaig rea daltus
cnú beo an gach éntír a enech
d’Enrí is eól a altram
ana ’na íath in gach oirecht
an macra ac Brían Ballach.
2 Mac Bríain Í Néill na cuach comdaigh
dá téd cuan ó cimsaib
fer is taisgi ac techt co coingleic
fer cláeiti gach cinntaigh
mairc dar cerd ucht ar an onchoin
rea ghuth don bern bidgtair
do-ní an t-Énrí-si re nUltaib
entíthi san irghail.
3 Mac Í Néill ’sa clú nách cláeiter
téid os clú na céidfer
gilla mor ferchonta fáebrach
sódh fregratha féinedh
ar leigen gelspor núa níamghlan
co serrach luath léidmech

Royal Irish Academy, Cóip de Tríonóide, TCD

gach crann da tairbir cleth Cruachan
cailgid fer tre éidedh
iúl gach deghcassain 'sa dáennacht
d'ua lethCathain léigther.

4 Fer is bráighi ar an fhuil Ulltaig
mac Áine in fuilt comraig
ri Bregh co troid mar dho thinnscain
ac techt mar choin confuidh
lann í Fhíachaid mar dho fergaid
a clíathaib (?) 'na conshlait
h[ua] Neill is faigsi don imghuin
gidh é is faidi urchuir
gilla dan crann glesta a ghlaisslegh
an gégdha ard ollamh
ar a fer coimsenma cinnes
flesg shoidheargtha shotal
seinm í Eirc ar lar ni leigter
do-ber cách gan chodal
ni sennfe acht gég uiri air-sin
gles dá cuirfe ar cogadh.

5 H[ua] Néill Frassaigh ca[?] ceist comruicc
cantar ré cleth Minnrois
a ua Cuinn 'sa léim nach lamhthar
nach buing beim ar bidhbaidh
cia arnar barrabair ar brondtaib
a atramhail innruicc
ac dáil bar ngredh a laeich Luimnigh
on tshaí co hech imchuir
a tí od chúallacht sa congleicc
an úalach do imcrais.

6 A lamh 'sa cédbladh nach claiter
nach gebad o ghuasacht
a bos bog ré garadh gerslegh
a fholt clannach cúasac
a croide is digenn don dáennacht
is fírfherr fa úalach
don teóra fer ni budh fáeisedh
do ghleó-sa a cleth Chruachan.

7 A hí Chuinn a chnes mur chubur
da mben cuirm a chodladh
ac ól trénfledh ní cuairt corrac
cuairt na n-éiges agat
gac dámh a[d] dun ac ól escar
ca múr is mo macnus [146]
ní théighi a cogur na a cuiredh
gan t'ollam at fharr[adh].

8 A lamh is ferr i[c] cur conghlec
nách grenn re guth bidhbadh

Roinn na Sgéine, Col. na Tríonóide, TCD

le mbronntur bleachtach bó mbeinngeal
grennus ré glór gidhgar
nach fuidhe beim na béim oirches
nac le[i]r duine dimdach
ni codail othur at ardbrudh
tar fhogur na finntadh.

9 A mic Aine na cúach crisbrec (?)
da traighfe in cuan cuipghel
a fholt na faigheg fiar flesgach
o mbia brainén buidhech
a bos chorr tren náchar tubadh
fa cholg ndhéd mur druidter
neim ar truailled bar lann litrech
fuairneim na crann cuires.

10 Cach do beth gan cúis at chin-sa
cúith a meic dá mesa
cogur bar mbó ni beart shona
bhud mó co leath let-sa
ní fúd is cealg a cleth Chnucha
teacht ar cenn do chena
ar mbrissedh in ossaidh ort-sa
nír chodlais cen chrecha.

11 Do lucht cogaidh a flesg Luimnigh
fedh ossaidh nír airgis
ní ferde egnach ar fhodlaibh
do chedghuth ní caillter
do crod bidhbaid ód bais bharrthais
ní hingnad sam (?) saidhbe[i]r
in cuid togras leis na tarbuib
lé hollam dot airghibh
mac Áine na cupa cumdaigh
'sa tunna nach tairgthir
fer adhanta cledh a coingleic
fer caburtha ar chairdib
ar léim d'ua Eachaid don onchuin
ar pheist serruigh shaidhbir
sledh an Enrí-sin re nUltaibh
cinífidh (?) in crainn-sin.

12 Cnuas na cleth a n-iath I Echaid
do ben grian a glasaib
imdha a tír iubruigh an Ultaigh
re cimsaib gach calaidh
cnúasac tal re tes a linnib
ál do leth o lachain
do cengludh le mes a moglaibh
co ledh céir[r] do crannaib.

13 Imdha fan féin echtmair Ultaigh
dá cleachtar fa comthaib

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tred lesg ’gá coinnmedh ar choilltib
ar coill[nes?] fedh foghmair
ca tred nách aimlesg do imdhigh
o dhairmes o donncnaib
le mes abuidh an fhaid Ultaigh
crain ’na falaig folchuir
cnuas a tir ablaig í Echaidh
fa abluidh na nUltach
cnú fa laech Liamna ’na leab[aidh?]
glaedh chíara do conguib
slata buncama co mbrisid
sugslata fa sudhuib
cnuas na nghég ’ga cor ’na cethaibh
én co mmoch do mosguil.

14 H[ua] Néill is cosnadh don crodacht
ar cosnad a cadhus
mná nocha meisti dá maidhem
an treisi ana tá-san
maith cunnradh each n-arm n-uasal[s]
’mun fer an tann tárus
cunnradh creichi on adh ar éidedh
a ráth fleisgi Fanad.

15 Ben da daighreir a n-uaim n-arsaig
co hua daighNeill druidfid
gur iarr gach entír d’o Eochaidh
co hEnrí nir fhuirigh [147]
do bí mar rainig a rechtaib
co crich n-airmigh nUsnigh
madh fes lé rigraidh fhóid Oiligh
co righuin óig uichtghil
ben ac techt a huaim ’na adaidh
ar cuairt co fer Fuinidh.

16 Oigri Bríain na fínfledh fuairmer
dan díles gac dámhscol
fínmer a n-istadh an fhéinidh
istadh os gach árus
sa chathair chuirr is glic gáinnedh (?)
do-bir cuirm gan chadhus
um clár Themrach na nghort nghégghlas
cennchur ar crodh namad
dom dam dilenn-sa a dún Crúachan
sugh finemna ar fassach
gac ré cís ac teacht don tuaisceart
na ’fín co fer Fánad.

17 Mac Briain Í Néill na rúag roimer
nách léig don chúan codladh
os ’ga tabairt [ina?] tig-sen
re tabairt na tochur

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

do thuig co nemcorrach nemmer
an senfocul solus
ni faghthur clú can a cendach
a tús tachur togras.

18 Ní mairg do eitigh ceim chuigi
O Neill cneisgil Cailli
mar glacthur ceis cethra n-eithre
ar cleth (?) eachtmair n-aithle (?)
a tóir a cathaib 'na coinne
troigh 'na n-aghaigh aigi
ní baedal deisi fer Finne
ar lenge ar ech n-aici. Cia a-nois ...

19 Ingen ruaidh n[ach]ár car chisti
falt cuachmín is caisi
fál daigciníl dlúith fa derc-si
Caitilín gnúis gairthi
ben ar nách cas crodh na cruinne
gach dám ac tocht tairsi
do-geib gac cliar cuid dá croidh-si
cían do chuir a haithne
ben nach finntar celg 'na croidhe
gell is inchuir *anti
gé mó a tabur ar a teist-si
is mor anus aici. Cia a-nois ...

91

Cia an riocht i rachainn go hAodh?

[NLI G167, 177]

(see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 50)

Eogan Ruadh mac Ferghail meic Domhnaill Ruaidh Meic an Bháird do chum so don Aodh chenna.

[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cia an riocht i rachainn go hAodh
do fhechus é in gach entaobh
mithidh é do lomadh liom
mé go hollamh ni aithnionn.

2 Do chaithfinn claochlodh reachta
om rígh d'faghail mh'aithenta
sgél annamh é dom aithghin
mé i-nallan am nemhaithnidh.

3 An dioghrais budh dual d'ollamh
tuigthe dho go ndernamar
gor bheite bádh an ríogh ruinn
a dhíol do dhán d'Ó Dhomhnaill.

4 Do-rinne mé a mesg scoile
duan far derbhadh sgoluidhe

Royal Irish Academy of Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ga mionlochta on tí do thogh
a rí as ionmholta d'ollamh.
5 Cur mh'eoil fa airdrigh Oiligh
rug or[a]m lém athoighidh
ar iúl mearaighthe ag dol dhamh
nemhaithne om chor a ccleachtadh.
6 Muna bhuil eolus orainn
ag rígh freimhe saorChonuill
lucht ar n-aithne da rádh rinn
ar mbraith-ne as dán go ndlighfinn.
7 As mar so as úaisle mh'aithne
ma a-taoi ar tí mo bhrethnaighthi
ceilfed leith m'aighthe oraibh
go breith aithne ar mh'ealadhain.
8 Biodh mar gach n-aithne oile
da leige ua ar nAodhoi-ne
teach an Trír uadh gan aithne
don tír thúaidh nir thabhairthe.
9 Re cathaibh Cuinn meic U(a)na [178]
ri Finne as férr iomthnu(a)dha
leanfaidh Aodh d'fírriaghail Cuinn
caor rimhianaidh o Fhrémhuinn.
10 Mar ghrís teallaigh da ttéid smál
trén o cConaill ar cclaochladh
fuair a-rís orradh oirches
grís as ollamh adhoinfes.
11 Ro treisi i ttairrngire d'Aodh
téid an fháisdine d'éntaobh
ar ngairm ríogh daighbhertaigh de
gníomh tairrngertaigh a treisi.
12 Gabhail críche clann Rosa
tosach neirt meic Maghnosa
cion da chora ar chró nUladh
nar mhó a comha ag Conchubhar.
13 Sluagh Murbhaigh ar mhéd a ccen
ag éirghe o fhiadhnaibh sinnser
cáin fhalámhaigh dháibh ag dol
o bhranánaibh chlair Cruachon.
14 Fios bó bóroimhe Túathail
nár nach bfuil 'ga fiorbhúachail
cairt daighbhreath na fola o bfuil
fa chomha Laighnech leguir.
15 Le hUltaibh fa fheis Temhra
d'eis chuarta choig ttigherna
ionadh coinne i ccathair Chuinn
ag nathair cloinne Conuill.
16 I bpurt aonaigh aicme Cuinn
do riaghladh reacht I Dhomhnuill

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

fuair tráth da thecht go Tailltin
an reacht re cách comhailltir.
17 Rí Bérnais beraidh a-mach
fleadh na coinne i ccúirt Temhrach
is lámh óir dhi ’na dáileamh
ní cóir rí gan fhriotháilemh.
18 Annamh rí riamh ’na ionadh
dual d’filidh a fhoillsiughadh
damadh faghail é ar mh’aithne
mé ag furáil ar bfíadhaighthe.
19 Biodh a aire ar aithne ttruim
breithemh deghsgoile O Domhnaill
lucht aithne annr ni hiomdha
dob annamhr aithne oidiomhla.s
20 Fuigfe[idh] Aodh re n-eirghe a-mach
do chur brugadh ar Bh[r]eghmhach
clár Luighdeach a thuaidh tilti
cuimhnech a n-uair imirci. Cia ...

92

Cia ara bhfuil th’aire, a Éire?
[O’Conor Don, 222a]
Padraic glas Mac an Baird cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cía ar a bfhuil th’aire a Éire
d’ógbaidh Banbha beinnréidhe
nocht dhúin an foilches fis-[s]in
rúin as oirches d’innisin.
2 Cía dibh da ttiúbra tusa
sáorchlann an fuinn Únu-sa
do chédseal a cáomhráth Chuinn
a gheg[g]eal aolbhlat aluinn.
3 Leth Modha an mhíonfhuinn sgathaigh
no ríoghleth Chuinn Chédchathaig
cía dhíobh da ttabra do toil
do damhna ríogh do ríoghoibh.
4 A Éire na n-áibhnedh sen
gan t’fhúaran sgeóil do sgaoiledh
aimhlesach dhún & duit
a mhaighleasach úr ordruic.
5 Ní chúalamur ríamh roimhe
áoinbhen go ndeilbh ndáonnaidhe
rér congmad a rún remhuibh
a fhonnghlan úr fhoithremhuil.
6 Trí rídronga druim ar druim
rér ghnáth iomchosnamh t’fheruinn
a mhúr síodh na sreabh ttoraidh

Roinn na Gaeilge, Coláiste Tríonóide, TCD

ga fer dhíobh le ndernobair.

7 Fuil Ír fa truime tionóil
fuil Eimhir is Éiriomhóin
tri fola dob úaisle ort
'ga robha úaibh-si úmhlocht.

8 Fuil an trír-si deóigh a ndeóigh
a fhúaráin eignigh aineóil
as íad ro ghabhois do greim
do toghais iad tar Éireinn.

9 Inis dhúin a treab Temra
d'íarsma na ttri ttigerna
an togha 'ga mbía bunadh
no cía an rogha rugabhair.

10 Féch an ng(h)abha a ghnúis chorcra [222b]
nach maircc fúair fad h'óghdhachta
a crioch gartha Eimhir finn
aithne gach éinfhir d'Eirinn.

11 Ríoghradh Banbha an toraidh thigh
a-táid ar Áodh Mhág Uidhir
fa tiormthulaigh Té ag toighecht
sé iomchubaidh d'fholaighecht.

12 Oigre dilios Con Connacht
tríath nach ttreig(si) a thórannacht
togha ar a casmhuile cion
rogha gasruidhe Gáoidhiol.

13 Ar chur ndeabhtha ar (n)díbirt locht
ar esumlacht ar umlacht
rí is áodhaire don táobh thall
áonduine as Áodh ní hionann.

14 Nir cumadh cerdcha goile
ní derna duil dhaonnuidhe
úa(th) na ríogh o bhinnlinn Bhregh
gníomh ar nach ionghill eisen.

15 Croidhe nemhoptha nárach
glór síodh a ccenn chompánach
rún rathchalma a caidrem crech
aignedh natharrdha neimhnec.

16 Gan a lán d'ádhbhroibh oile
da mbeithea a bhen Láoghaire
cóir a treighe do thogha
fóir Eire ar[a] háontomha.

17 Fada a-táoi-si trúagh an bruid
tárla dháoibh(si) d'íarsma formuid
a treabh mhóireithrech bfer bFháil
gan fer t'fhoireitnec d'faghail.

18 Nár sháoil tú nach ttiocfadh ribh
d'ingreim cháigh d'urchóid éigin
a críoc gheal bhanamhuil bhog

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gan fher n-anacail agad.
19 Bídh an chara mar chenn slúaigh
bí an esccara a n-énúair
ar cuid mbaintreabhach ag brath
tuig a glaintreabach gríanach.
20 Togh mur do togadh reimhe
ré mnáoi an oiléin dh'áirighe
a treabh mhín gegarsoidh gheal
rígh nárbh égcasmhuil d'óirnedh.
21 Do bhí ríoghan go ró neirt
a ttír darbh ainm an Éigeipt
mar táoi [a] Éire úair eile
nach bfhúair céile a cosmhoile.
22 An fuil ríogh dá raibhe an bhen
mar do bhí uile ar n-oidhedh
fáth fár hoirnedh an treabh-soin
do hoirnedh an ingen-soin.
23 Nírb fada dhi 'na dheghaidh
san tír éignid fhoithremhuil
go ttarla 'na toinn anfaidh [223a]
do druim fhághla ó echtronn(a)chaibh.
25 Ni raibhe óg na arsaidh
do caruid do chomursoin
maircc iath do hainmnighedh dhi
[n]ar triall d'ainndlighedh uirri.
26 Do trotlaighed a tuirrsi
folmaighther a feruinn-si
téid núachar an taoibhe thoir
a n-uathadh dáoine an tan-soin.
27 Do fagbadh anba an fhoghal
gerr do bhí da báoghlúghadh
tolcha an fhuinn ghlénúaidhe ghloin
'na tuinn ferúaine fhásaigh.
28 Do bháttur beg an t-iongnadh
a hógbadh a hingenro(i)dh
's an ingen ger dhál docair
lán d'imnedh as d'anshocair.
29 Fáoidhis an bharrghlan búighneac
techta ar cenn a comairleach
ar mbrath rodhoilge a rún cáigh
ag súr comoirle a gcedáir.
30 Tangadar leis na techtaibh
don chathraigh aird iollrechtaigh
sáorslóigh an fhuinn cenn a ccenn
'na n-áonbroinn truim 'na timcheall.
31 Ar suidhe ar slios an brogha
don stúaigh bhéilbhinn bhastana
do-chódair a ccenn chomhráidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dream nár óbair iomurbháidh.
32 “Do dith ríogh a rún fáoilidh”
ar cách ní cúis ionmháoidhimh
“bheith ad dorus dhénta creach
a réulta sholus shúaimhnech.”
33 “[Is] trúagh ámh ar imthigh ort”
fúighle cháich ré a cruth n-édrocht
“beith gan fher diongmhala duit
a gheal fhionnmhall[a] ordraic.”
34 “Da ngabha [sin] ó so a-mach
ar ccomairle a chúl gégach
tiocfa(idh) do thír uile as
’s gach duine dhíobh ’na dhúthchas.”
35 “Rí do thogha do[d] thír féin
da nderna tú a tháobh soiléir
ní bhía letrom áoinfhir ort
a dercchorr fháoilidh édrocht.”
36 “Bíaidh do thír sa riocht roimhe
foigérthar a fóghloidhe
dingeubaidh dho decra dhíbh [223b]
berta as indénaibh d’airdrigh.”
37 A ndóigh anacail d’faghail
don bhélchorcra briaturnáir
tig an bhé bhonnbhán búighnech
ré comhrád a comairlech.
38 Do toghadh leó ar lorg áoinfhir
airdri(gh) feta forbfháoilidh
b(h)reith bhúaid gach éinfhir aca
san stúaigh cheillidh churata.
39 Cuirid an choróin fa a chenn
íadhaid an tír ’na thimcheall
gurbh uirrim ré duine dhíobh
suidhe ar uillinn an airdríogh.
40 Ní bhíodh la gan léim bfhághladh
do treiged a thionnábhradh
gur lesaighedh re cor ccath
an tesoirer glan gríanach.
41 Níor milledh da múruibh clach
níor trothlaighedh cenn cathrach
beg an díth a (?) bfhúair d’fhoghal
nac bíth úaidh ar aitiughadh.
42 Nior fágbadh cathair gan chenn
na iostadh ard gan inneall
nó fedh troighedh don talamh
don oirer gan áitiughadh.
43 Do bhí síothchanta socair
gan fhoghla gan anshocair
*rí gan easbaidh neith fa neimh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

’sa[n] fer-soin ag breith bhisigh.

44 As í an bhen Temhair Dha Thí
Áodh Mag Uidhir an t-airdrí
fagas dhi céile a cabra
’s as í Eire an atharrdha.

45 San riocht a raibhe an bhen-soin
a-ta trúagh an uireasbaidh
críoch chaithrighin Banbha Bhregh
ádhbha glainchinidh Gáoidheal.

46 A-tá ca truime cumha
ó reimhios Bríain Bhórumha
conair ghlíadh da déinimh dhi
triall ag gach einfhir uirrthi.

47 Mar do toghadh sa tír thoir
rí dar dhoibhenta a dhúthaigh
do tháo[i]bh fhola dob ionchuir
togha ar [n-]Áo[i]dh tar Éirionn(a)chaibh.

48 Bríatra brughadh chláir Connla
fregra an áosa ealadhna
nach bfhúair Banbha ben Criothmhuin
fer a anma d’Éirionnchaibh.

49 Féithle chengail chlann cColla
beithir go n-ádh n-orroma
rí as cára do Thoigh an Trír [224a]
námha do Choin an chleitín.

50 Crechtóir bíodhbadh brúaich Bhanbha
aithentóir na healadhna
miste an té ré a ttegaibh soin
’s ní hegail é acht da fhoghlaidh.

51 Urra chogadh chláir na bFhionn
cáor cerdcha ag cur drithlionn
urra siothchána bhenn mBregh
dan fíorchára geall Gháoidheal.

52 Nar thoirmisce ní fá nimh
ó tá triall mic Meg Uidhir
d’iodhanraith Cormaic í Cuinn
iobharbhláith ordraic áluinn.

53 Cuirfidh sé ó so a-mach[s]
triath oirbertach F[h]er Manach
dó ai[n]mnigher f[h]íad na bFhionn
srían re hainndhlighedh Éirionn.

54 Ní bhéid fáolchoin a bfedhuibh
ní bhía Gall ar Gháoidhealaibh
’ga mbía tenn far n-íath Airt-ne
’s ní bhía ceall gan comairce. Cia ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

[NLI G992, ‘Nugent’, 16v]
Eogan {Maolmhuire} Mhág Craith
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cia as gairde or gabadh Éire
lenam d’iul gac einfhreimhe
gan a dherbh ni dheilebh ribh
gach ceinéal dár shealbh shinnsir.

2 Cia aguibh iarsma daighfher
ceisd as cuma d’fhiafruidheadh
dar fuaidh Eirenncha a n-eing[s]
as deighencha fhuair Eirind.

3 An íad clann Chonuill mheic Neill
nó an íad siol Eoghuin airmghéir
no a n-úa-soin Shengmhaoil Shechlainn
ghealmhaoil uasuil eineactruim.

4 An ag síol Briain Mhoir mheic Ethach[s]
do bhí Banbha bhráoinchethach
nó an ag an tshiol Briain a-bhus
a ndiaidh na righ ’ga rabhus.

5 Muircheartach Mór a Mumhuin
Ruaidri a Cruachuin comhramhuigh
tug tréindeabhtha im thir gac fhir
da righ dhéigencha a didin.

6 Nir chuirthe(adh) ’s hé cenn a gcenn
rí nar ghabh acht geill Eirenn
do chuir chéill in gac ciontac[h]
geill tar muir go Muirchertac[h].

7 Cios Bretan do bhí ’ga tigh
cíos Frangcach freagra a Ssacsuibh
ar dtriath nir thruma a thabhach
sunna ina a n-íath Albanach.

8 Truadh do shliocht airdriogh Eirenn
ar aithris a airdchéimenn
mairg fer dár innlenta a ghniom
nár len imdheachta an airdriogh.

9 Íarsma an ríogh ’ga raibhe a-ne
crích Fhódla as álainn doinnchré
truadh dháibh a dísliugadh sin
náir mas isliugad aignidh.

10 Gan labhra ar Eirinn n-ealtuigh
gan lenmhuin luirg Mhuircheartuigh
cía as iontaoibh ret fholt tiugh[s]
ciontaoibh socht na sinnser.[s]

11 Ciontac ar tús riot fa-ríor
Mathgamhuin oidhri an airdriogh
’s gur ar leth bhanfhuinn Bhanbha
as áluinn meth Mathghamhna.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

12 Ciontac fos riot a rosg glan [17r]
oidhre Mathgamna Murchadh
tre Murchadh nar fhoir an eing
todtur gan t'oidh ar Eirinn.
13 Do chumhgac cóir a tumha
re Diarmuid mac Murchadha
cumhag lag cumtur an ceim
do ghlac Murchad a mhaic-sein.
14 Gan oidh ar Fhódla an fheoir bhuig
do Donnchad na do Dhiarmaid
mairg do-roidhne socht mur sin
as ort as doilghi (?) a Dhonnchaid[h].
15 *Ciontac riot Ruaidri Buidhi
géd edh ni he as c[i]untuighi
muna tocht tarla 'na gruaidh ghil^{s}
'na dhamna fúair ar oighidh.
16 Ná bíoth ad chúis a chnes bog
fá gciontochtháoi an fremh romad
dod chloinn le na^{r} at aghaidh^{a}
na gabh^{r} roinn o raghradhibh.
17 Do torann ghnáthach as Goill
Sionann Bhriain na [m]bruach n-aluinn
mithidh dhuid léim ad loingsibh
druid céim tar an gcomroinn-sin.
18 Tairgfid Goill iompódh t'fhadhla
ar aisgedhuibh allmharrdha
narab diol dod dreich náoidhe
fíon na eich ná iolmháoine.
19 Do ghradh chuach na cholg slemhuin
ná tuair guth do Ghaoidealaib[h]
do mhian iolmhaoinedh na ech
's fían fhinnGhaoideal dot fhuireac.
20 Mothaigh (?) nac meallad tusa
cuirthe na gcath nGallda-so
fíon a Fraingc fledh a Greaguibh
sainnt a ngreadh nó a nGailledaibh.
21 Diomhaoin doich as gac damhna
tar h'éis a mheic Mathghamna
dá ndech t'fhoduil ar a hais
ar chomaidh each nó ionnmhais.
22 Tusa ar mhaithes dá meallta
cia an rí don fhréimh Ghaoidhealta
nár báidheadh let as a los
na rec airemh ar ionnmhas.
23 Comhtha Gall a gort Mhuman
olc do-ghenta a ngradhughad
fulang lem do dhula dhe
as ferr Mumha ina maoine.

Roinn na Seirbhíse, Col. na Tríonóide, TCD

24 Gac tór dá dtinnsgnad áon (?) Goill
do sgrios Ghaoideal da ngualuinn
Dia do breit na ngallchlach ngeal
da sreith ar ghlanchath nGáoidheal.
25 Cuairt dá dtangadur toisg áigh
clann Néill Ghluinduibh dar ngabáil
ráinic airdleth Modha a-mac[h]
ni dola o ainmbreit Ulltac[h].
26 Cuinghid congnama tighi
do chaolach ar gcrichi-ne
mor dtiomchal cá truaidhi breth
dh'iomchar uainne go hOilech.
27 Dob éigen adhbur bruidhne
d'fhidhbaidh Mhuman mínghuirme
d'iomchar daibh uainn go hOilech
mo-nuar fa cain chomhoidheac.
28 Do-nid fian lionmur Luimnigh
a raith Oiligh fhinnbhruidhnigh
tech ar aondath d'fhíorcholl ghlan
do chaolach mhionchorr Mhuman.
29 Muircheartach Mór nár mháoidh troid
do bhí an treabh-soin go dtáinig
'na séla neirt ag Íbh Néill
sgela gan cheilt dá chaithréim.
30 Beiridh chuca céim deacrach
nir mhesa le Murcheartach
dár díoghladh claoinbreath chlann Neill
ann do chraoibhleth a chaithréim.
31 Gríanan Oiligh aird ealtuigh
lór d'fhios mhoirghniom Murcertaigh
mur ta an nuaithreabh gríanain ghil
ós ghrianán luaithmher Luim(h)nigh.
32 Binn d'íarsma airdrigh Caisil
an t-ainm fuair an teghdhais-sin
gríanán Oiligh do radh ris
sán (?) da oidhir le aithris.
33 Gríanan ard Oiligh na riogh
créd sud acht sela móirghniom
gédh ed ni samhluighthe sin
dar aithnid na tire tes
do-rine m'aithghin d'eiges.
17 Seoid Donnchaid Cairbrigh do chur
ar cenn ollaman Albun
dob iat so a techta tar tuind
do ger theagtha fa thuaruim.
18 A agaid ar Innsibh Gall
ni tabair acht do tamall
tuc se Muireadac tar muir
gur fhuineadac he a nAlbain.
19 Da tugad a ailgius air

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

trath eigin dul ’na duthaig
a dhail tar ais gur annumh
o Dail Cais do-cualamar.
20 Ar m’fuiglibh ris rainic crich
don Donnchaid-sin a Daibhith
meisi & sibh is samla
’s dá sheisi fhir ealadna.
21 Don Mumuin gur maidhti soin
do treiges mo tir duthaig
ar turnam dom aignead ort
ge a-dubrad caidreabh Connocht.
22 Do shibluighthi mas é is al
do mhaidhemh a mheic Siuan
me orum gach ar mar cuing
damh gumad comull cumuind.
23 Maidhm Baltair na braitter lind
maidhm Corcaige da celind
ni beg h’ainm a-bain da mbrath
in da maidm mad ail d’folach.
24 Tri maidm do maithidar soin
Condunaig & Cuanaig
gu tuc tu na tri madhma
do bi ar do clu a comardha.
25 Dobudh fhiu aisec na creach
rugaiss uaithi a folt fainneac
dairsi nar dligis d’fagáil
daib-si ar inis Eoganain.
26 Ar Gort Bo Findi fuair sibh
toir bud measta ret muindtir
gur feidm duit-si ar ndol fan ngort
crodh in gu[i]rt-si do glu[asacht?].
27 A creachad mar do clecht sibh [196]
do neoch romhuibh a Roitsigh
Coill Duibhfheadha cia do clecht
gidh sia uigeada h’inghealt.
28 Tar ais suil tucais in tor
gid cia dar coir a fhuasclad
ar Baile na Traga tug
cana nac raibi romhud.
29 Nir anais dob urrdhairc daibh
le creachad cloindi hAmhlaibh
san Tricha nir triall faluigh
siar tritha gu tangabuir.
30 Tangadar d’fagbail a n-each
d’iarraid creche i crich Roitseach
na tograim lat nir luga
mac Domnaill is Deasmuma.
31 Led crech suil tainic tusa

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a-ris don cloind cednu-sa
in creach nach foil ’na falaid
each sa mboin do beanabair.
32 Uirre ma do-rindead run
tucuis is ibh ag impudh
creach o Felme a Lera (?) libh
demne ina scela scailtir.
33 Creach Builterac berar lib
a tonn uabair do isligh
ar mbreith cruidh Coisi Suiri
ga loisi fhuil intnuidhi.
34 Do guais do cur ana ceann
nac fuil ort acht os iseall
frith adbar d’folaid os aird
oraibh ar n-adnad Fhidaird.
35 Ni cuala le duini dibh
ar techt fa thuaith in Mointin
bo da crodh uait-si tar ais
do dhol san tuaith-si o tucais.
36 Gu creachad Cnuic Luingi libh
nir shaer ort is e a deimhin
coiss abha carad na in cnoc
rabad dar abha romot.
37 Ga fuasglad gin gur e a dhith
o milis duit a Daibhith
do biad muna beath re cois
a creach on giall do gabois.
38 A hargain let la ele
nach beath orum oirbere
[Crí]c Barrach nir ferr a fhis
Ceall na [M]allac nir mhaidis.
39 Gu n-airmhear an forais creach
a-ta riamh ag an Roitseach
ga ttas mé re Mag Aine
acht se ar car a conghaire.
40 Da n-ell-(?)ibh uatha soin
Gort in Bealaig Druim Dreastoil
ni fhuil fath ruine ar a rug
ni trath duinne da ndermud.
41 Ge a-tam ac tuiremh a creach
gusin creich ruc in Roitseach
on Gort Mor da measta lind
a logh teasta ní tuirmhim.
42 Do Conduncha ib cia nac ceil
acht se ar cuimne ’na cridhib
da nemhthoil gi be do-beir
se ar a tengthoibh ní tuictir.
43 Aisti gur hindarbad leis

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

sluagh Roitseac fa mac Muireis
an te dob ferr a nEalla
dob e cenn a coimhlenga.

44 Re bliadain do ben a tir
dibh a n-eruic a n-esidh
don imardad ni foilégh
indarbad on Inmoinen.

45 Clann Gibun do leanadh leis
annum toir mar mac Mureis
luaithi lais ac breith a mbo
le creich tar ais do impó.

46 Eich is braigdi buan a dith
da brathair do bean Daibhith
da airi gu techt ni tuc
gu raibhi ar nert a namhut.

47 Slicht Seaain Oig d'arguin leis
m[i]nca (?) ina is ticti tairis
in fhala do-chim 'na cind
ni mana sidh da sloindim.

48 Cuirtear ar slicht Seaain Glais
dith bó le bile nDurlais
san Cuanlact do cuir orra
o fuil uardhacht eatorra.

49 Creach Baroideac nir bean de
in la(i) ar linad a tuile
nar meisti dul di a ndoimne
si da crudh nir comoirghe.

50 Beag in cas ar cuireadh leis
a hargain do mac Muireis
acht ge beath neach ar bud naidm
creach do breith as an Bladhairn.

51 Na tri baili braithis me [197]
d'argain d'aghustar Muidhe (?)
do na tri bailibh do bean
in ni asnar airigh aister.

52 Gidhe a losgadh tucter trid
d'eis a creachtha ni celmid
fola O Cuanac ge rab rind
nuadhath do char ar Cuillinn.

53 Da meastai a nguirt do gerradh
siat air gin gur airmeamar
dith bo ar Ib Cairbri do cuir
mo inait na hairgni a n-easbaid.

54 Teach Fingein (?) do loisgead leis
a nIbh Duach derb an aitheis
cia ann nac fuair a fromhudh
a n-uair Gall do greannogad.

55 Do haithnedh a n-eirgi leis

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

niarbudh ghnáth le mac Muireis
ac breith gac buaidhi oili
a dheich n-uairi a nOsraigi.

56 A cenn ar airmes air sin
sluagad rigin an Roitsigh
airgter Magh O Labhraid le[i]s
dam ní hanmain (?) da aitreis.

57 Gur diles dó a ccreachaib caigh
denum creche ar Cill Britain
ni maidhfedh mé creich ar cill
se do breith inna berinn (?).

58 Do Mhuini Cind Tuindi tug
la budh doilig do dermutt
se gidh do fagbus tar mh'eis
dob é mh'algus a faisneis.

59 Ga la dar caith se gu se
nac fetfadh fer a cuimhne
crithir do chur ar a bloidh
gidh mithid scur da sceloibh.

60 Ar mac Siuan do radh ris
na ar beit 'na mac do Muiris
ga neach bhoinges re barr slim
in tann bus coimmes ceirtcind. Cindus ...

61 Rug a heineac inghean Taidg
saer o feruibh an Fhodhaird
biaidh 'na torad criadh ceinil
molad cliar ar Caitilin.

62 O fuil uaibhrigh Eimhir find
ni fhétt a crodh do coigill
gan mnai ar clu^{r} do char reimpi
do gabh ga cai coimerci. C.i.s.suirgi ...

106

Cionnas mheastar macámh óg?
[RIA 5 (23/D/4), 85]
Domhnall [mhac?] O Dálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cionnas mheastar macámh óg
meastar do dol a bfreamhfhód
a huaisle ceillidh a ceart
a tréidhibh uaisle a hoirbheart.

2 Cóir a mheas do mhuin creidimh
ar umhlocht ar fhoighidin
ar cleachtadh sgoile grés nglan
ar gloine bés no briathar.

3 A haigneadh soineanta saor [86]
is mo mheastar gach macaomh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a gníomh calma a meanma mhoill
a labhra fearrdha foirtill.
4 Rádh faoilidh freagra seanda
is innisle aigeanta
brath a fheirge a ttreas re taoibh
ferrde meas gacha macaoimh.
5 Lámh a heachraidh imirt airm
do-bheir do mhacamh mórainm
no dúil a cceól no súr sealg
nó tnúith re heol na n-ilcheard.
6 An té is cruaidhe cuing smachta
no as lugha dúil daonachta
ag so an té le mbeirthear breath
a-deirthear é go háirmheach.
7 Méd a innmhe uaisle d'fuil
macamh óg ní has mheastur
cora a modh no a meinn do mheas
re ndol a bfréimh no a bhflaitheas.
8 Briathra ceannsa ceangal síth
comhall breithre bac fairbrígh
úidh ar cheasduibh diamhra ar dháimh
riaghla asa meastar macámh.
9 Slán an Róisdig da reir sin [87]
a lucht measta an óigh fhaoilidh
reic a theasda do ní dáor
a ló measta na macaomh.
10 A-tá ag Daibhi dreach chorcra
rún creidmheach cuing riaghalta
bos fhearrdha nach onna a ccath
is meanma chródha chogthach.
11 Daibhi do Róisdi rún séimh
fuair bhiocunt Bhaile an Chaisléin
suil rug ainm oighriochta air
gairm oirbhearta is eangnaimh.
12 Do toghudh e as a mhóid mir
do hoirneadh é a n-aois lein[i]bh
a roinirt a gaois a gníomh
re ttoigheacht a n-aois innríogh.
13 D'oighri Mhuiris gá mo rath
a-ta a chara 'sa chumthach
glór dána aigni[odh] gan fhioch
'sa namha ag daigneadh Dáibhi.
14 Ceann síodha feinnidh fromhtha
ruire feithmheach foghlamtha
cneas seangmhála is dilleadh dath
mileadh meardhána marcach.
15 Draoi re hoideas gach iúil ghloin [88]
cailleoir sgaoilti sgéal n-anaimh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar clár cConaire agus Cuinn
sgoluídhe fáidh re foghluim.
16 Is breitheamh foirfe feasach
is macámh óg áineasach
is file ar ghaois is ar ghean
sine iona [a] aois a aigneadh.
17 A-ta ’ga mheas gur mheabhruidh
ar thrácht sé sna seinleabhruibh
ollamh freagra ón ghéig ghlacshaoir
ar mhéad eagna an ógmhacaoimh.
18 A-tá sgéal nach sgaoilfe me
teagasg Cormuic do Chairbri
aige féin mar is lór lióm
an t-eol a cceill ní chuirfiom.
19 Teagasg Conuill a cCruachuin
do Chonn an fhuilt órchuachuidh
cosnamh troda coimdhe creach
fada o do-roighni an Róisteach.
20 Ar theagosg Finn folt na sgath
oide múinte mhic Lughach
gnúis neamhghrod gan oil gan fhioch
ní fhoil dearmad ag Dáibhi[oth].
21 Do-chlos doi-séin aithnim air [89]
cuid d’inntleacht Con an chleasraidh
no Con Raoi na rithlearg ngrinn
do budh draoi ilcheard n-innill.
22 D’éis a bhfuair d’oideas flatha
imridh bearta baoghlacha
fód míonúrthais is fearr ioth
fa cheann riodhuthchuis Roisdeach.
23 Bí[dh] lá a riocht naithrioch neimhi
(i)s lá ghleoidh ’na ghríbh theinntí[dhe]
fonn úrthais lear hiomchradh díth
a ttimceall dúthchuis Daibhí[th].
24 Lá ’na leomhan reachtmhur rod
da hionnramh ar neart namhad
lá spairni no cniocht no creach
a riocht baidhbhe no beithrioch.
25 Athaidh oile d’folt na sreath
a measg rioghruidhe Roisdeach
aigneadh thréan nár thaghaill (a) locht
mar éan ccoluim ar cheannsacht.
26 Breagthur leis a los ceinóil
d’inntleacht oighri Eilionóir
toirthe an mhionnchláir fán mall sriobh
ar síothcháin Gall no Gaoidhiol.
27 Gé líonmhur da lucht diomdha [90]
timceall an óig oirdheardha

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fán ccrích mbreicmhín saoglaigh sein
caomhnuidh seintír a sinnser.
28 Críoch oirbheartach Fhear Muídhe
dán gar cogadh comhnuídhe
ge mór tteagmháil ar tí a cean
do-ní a headrán a hinnreamh.
29 Eang chuantoirtheach ón cían muir
cuirfidh Daibhi dreach shochruidh
an clár sídh an úir is fearr
gan tnúith re tír 'na tímceall.
30 A-tá ar cuimhni cían o shoin
mar rug Mudh Ruith do roghuin
ioth a túir a fiodh a féir
a sriobh a húir a haigheir.
31 Mo is fada bhias 'na beathaidh
an bhreath rug le Roisdeachuibh
oirear síotha na séad nglan
gan triocha céad 'na comhar.
32 Críoch Róisdeach ón ló so a-le
'na róimh einidh is uaisle
ga hiath is reachtmhaire réim
fa thriath ceartBhaile an Choisléin.
33 Fada dhí 'ga díon ar bhéim [91]
cúirt chorr Bhaile an Choisléin
do bhríogh a huaisle a hanma
fuair-si díon a deaghadhbha.
34 Rath Dé da dídean ar olc
a-tá no toradh beannacht
san ráith ghlanchlachaigh óig fhinn
tar chathrachaibh fhóid Fhéilim.
35 Ní seóid bhuadha na bhisig
do-ní díon an deighlis-sin
iosdudh lígheal fán lía críoch
acht dídean Dia agus Daibhíoth.
36 Mór bpeacadh nar pheacaigh mhe
re háirdrigh neartmhur neimhe
ní reach do chóir iar n-eag as
a Phoil créad agus cionnus. Cionnus ...
37 Inghean bhannda an Bharraigh mhóir
maith mheastar í as a honóir
mór re hucht fa mhagh Mumhan
do lucht ban do bhreathnughadh.
38 Siobhán do Bárr is béas di
beag ndiomdha ag aoinneach uirrthe
gnáth barr ag deóradh dhisi
mall a heolach uaithi-si.
39 [Coir a m]eas as a meinn sin [92]
cóir a togha asa tréidhibh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ní craobh foirfe easgar bhigh
meastar na toirrthe o ttainig.
A-táid 'na ttíthe? corcra
da fhuil nach olc n-ionmholta
'na gruaidh naoi o chlannaibh Cuirc
is Barraigh faoi arna bhfaghairt. Cionnus ...

107

Clú a oirbheart uaisligheas neach
[NLS Adv 72/2/2, 6r]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Clú [a] oirbhirt úaislighes nech
ar lorg *airrghibh na n-aithrech
techt dó o fhoirmshliocht iodhan
mó an t-oirbhert da úaisliogh**adh**.

2 Fagháil chlú cosnamh inmhe
le cur cáich fa a choimirghe
lúach an oirbheirt as é sin
oirdheirc an té le ttuilltir.

3 An t-oirbert chlechttur le cách
líaide a maoin móide a iomráth
dul 'na sheilbh dhíobh da ndech**adh**
gníomh as feidhm da *n-ísleachadh.

4 Síol Colla na n-écht n-oirrdeirc
lucht dearbhtha gac deaghoirbeirt
flatha dan fíorghoire báigh
sgotha mionmhuighe an Mhiodháil.

5 Lucht cúartuighe cerd ngoile
onchoin berna b[ao]gluighe
fiodhb**aidh** orsan chráoi Cobhthuigh
cosnamh gnaoi 's da ngniomharthuibh.

6 [L?...me?] gan techt rena tenn
'ga bhr[e?]th leo a los a ccéimenn
lucht fhírfheithmhe adhbha Airt
ribhe[ith]re anma oirdeirc.

7 [Iarla? a-nu?...] ara sliocht soin
fer cuimhnighthe ara ccerduibh
[...] mac Eóin gan chíaidh ni cheil
a threóir 'na ndíaigh as deimhin.

8 [.....]illseóchtur lais
do dhíon deighrechta a dhúthchuis
[.....] go bfhoghthair
do recht garma o ghniomharthuibh.

9 Airrghe le ttuillfe a thogha
toil oirbert is engnamha
buaid bfhregra féine gac fuinn
egna féile agus foghluim.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

10 Tréi[the an?] mhaicne do mheabhraigh
d'inntlecht an fhéil ildealbhuigh
[feidhm?] síordhuighe nac serg tnúdh
cerd dan fíorghoire fortún.
11 [T]ig d'airrghibh [ú?]aisle an óigfhír
a chlú ar fhedh gac énchóigidh
['sa?] glainshigne as rún da fhréimh
ag túr daighinmhe dhó-séin.
12 [G]iolla Easbuig 'na seilbh sunn
dlighidh an fhéile d'altróm
túar tréighe re techt a rath
féile le cert do chumhdach.
13 Iadhuid [ui?]me a n-ám fhoghla
fóirfidh a lucht lenamhna
damh re na flaithfhréimhe o bfhuil
sé 'sa (a) dhaighthréighe dearbhuigh.
14 Do fhurtuigh mhac ríogh roimhe
tarla a n-inis Iúghuine
[b?]os g[e?]almhaoth go roineimh renn
ar shenlaoch oirir Éirenn.
15 Trí chéd blíaghu(i)n búan a bhladh
an chédáois fríoth le Fionntan
gein bhúadha Banbha go ngáois
go ttarla úadha an áthóis.
16 Lá d'Fhionntuin ag seilg ar slíabh
tarla dhó día do shoimhíadh
rogha lenuibh go ngáois ngloin
da dheghuil re háois ársuigh.
17 [Nuai]r fúair Fionntan mhac Bhóchna
macaomh an fhuilt fhorórtha
do-rad phóig da dheilbh nar dhocht
a seilbh an oig da fhurtacht.
18 [D]ar cuiredh san athóis oig
Fionntan le fert o[n?] Trionnóid
do rath an deighfhir óig fhinn
o phóig an leinibh lúaidhim.
19 Oighre riogh Sorcha na slúagh
Iollann iolchrothach armrúadh
gnúis mur ré tar nar dhóigh dul
as é do fhóir ar Fhionntan.
20 Giolla Easbuig amhuil sunn
furtacht Fhionnta[i]n o Iollann
a bhuaidh ar aghaidh mheic Eóin
úaidh ag cabhair a cheineóil.
21 [B]arr oigreid is onóir riogh [6v]
tuillfidh sé d'úaisle is d'áird[ghníomh]
a-nú do láimh 's do labhairt
ni háil a clú a ccunntabhairt.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

22 Bíaidh a n-oighrecht a aithrech
an t-óg núaidhe neamhmaithmh[ech?]
oirrdearc a neart ar gach nech
do chert d'oirbhert is d'einech.

23 Mac Eilíse slios solus
'na chlú ni cóir amharus
le tol toirbert do gach nech
blagh da oighreacht an t-einech.

24 Uaisle cru Gáoi[dheal?] is Gall
ríoghfhola a-táid 'na thiomchall
do lesuidh gan bhreis ar bhú
do dhesuidh leis a lanchlu. Clú...

25 Geall ré a mháoinibh ag Máire
fríoth lé a los a fíalbháighe
ferrde an ghég abhla os fhiodhbaidh
méd a hanma os *inghenruibh.

26 Fúair do lúach a cruidh ó chléir
a clú do chur a n-ímchein
túar daighmhéine a clú 'sa cion
do chrú glainfhréimhe [Gaoidheal?].

27 D'inghen Bhríain maith an mhalairt
cor a clú gan conntabhairt
gnúis ronáir as measda ar mhéin
fagháil teasda gan toibheim.

28 Tuilleamh anma ar a hionnmhus
feirde da rosg righionghlas
fúair gáirm *na glainfhréimh or ghein
a deighmhéin 'sa a hainm [ein?]igh.

108

Coin airdfhiadhaigh Clann Choiléin
[RIA 710 (23/H/25), 17r]
Eoghan Mac Craith cecinit do shiol Aodha
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Coin airdfhiadh[aigh] Clann Choiléin
taoisig na n-arm n-iomdhaghéir
coin chrodha ar chonfoidh gclechta
o(i)nchoín mhóra mhileata[r].

2 Coin nach teighchionn do throighib
coin fhiadhoigh gach aonoirir
coin mhera as miolla cerda
gríobha geala gruaidhdherga.

3 Coin leoghanta ar nar luigh fioch
coin chúartoighthe na ccoiccrioch
a ccalma[..][r] derbhthoir an dream
ferchoin fhiadhoigh na hÉrionn.

4 C[oin] mhe[r]a ag leanmhuin da n-íallaibh[sa]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

coín fhosda gach aoinfhiadhaig
cui[...] nglaic do tholchoimh Táil
onchoin is ait le hógmhnaibh.
5 Coin mherra a n-ionad feidhme
coin náireacha neimheirbhe
ferchoin soin is ní sogha
coin ’na nderbhthoir deaghmodha.
6 Na créacha neirt do-niad féin
do bhaist ain(i)m ar chloinn Choiléin
[.....] roidh mbailgsrianoigh mbreghdha
coin áirdfhiadhoigh oireghdha.
7 Coin leoghanta an fhiadhoigh áird
is e a n-ainm in gach aonáird
gan Gallbhaile ó a [bh?]feirg ar for
ar sheilg damhraidhe Danor.
8 Goill na Fod(h)la fada ó smacht
damhroidh ag dul ar dásacht
ní ria[gh?]oil cham soin acht sén
coin a bhfiadhoigh clann Choiléin.
9 Ní fuighthior diogha don droing [17v]
cóir cendus do choin dioghoinn
leoghain uaisle is ferr dherbhthoir
drem is uaisle d’Éirenchoibh.
10 Lochloinn ar n-éirge a uaille
cú dioghoinn an deaghchuaine
arna thogha *a-ta uile
is cú buna(idh) ar mbarruine.
11 Taoiseach cuaine Chormaic Chais
mac Lochloinn leoghan Durlais
slat nua lé *bhferthor (bh)fiodhbhoidh
ua deghchon on dilionnmhuir.
12 Cú Mhedha fa mer tachoir
baisdedh a shen senathoir
a shenathair Mac cao(i)mh Con
slat shaor medhachoidh Mumhon.
13 Tug an uaisle leath ar leth
leis is tréidhe na ttaoiseach
an da choin or *ccenn Lochloinn
*mo-chenn fuil fan uasolchoing.
14 Dialloidh gach maith re a mianach
tárroidh clú da cheadfhiadhach
tar a sheilg ní dlegho[i]r dol
leanoidh do cheird na cceadchon.
15 Do-ní ar laocraidh Leithi Cuinn
fiadhach (io)’na bhfaghthor doghroing
do fes buaidh bhranáin Fánod
tuaidh ag gabhail ghiallbhrághod.
16 Sealg nach lugha don leith thes

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

do-ní ar Ghallaibh gníomh oirches
maith do shechnadar Cliaigh ccóirr
a ndíaigh leathchogadh Lochloinn.

17 Cáirde Lochloinn don leith thuaidh
gan dul tar Eachtgha fhionnfhuar
a dhruim re sreamhoibh Sionda
go cenoibh fhoind Oiliolla.

18 Ag denamh creach iom Chorcoigh
’s ar gach cúil do Chonnachtoibh
mar phort naomh *secheanaidh sin
gaol Í leathEoghain Luimnigh.

19 Gach re bhfoghoil ar chrich Chuinn
is air chrich Oiliolla Óluim
ag siol Aodha thuaidh is thes
craobha do-chuaidh ó choimes.

20 Creach oile (io)na a n-eallach féin
ní beror ó chloinn Choiléin
sa chreach aca a-níar ’s a-noir
slata is Brian ar a mbiodhbhoidh.

21 Baramhó[i]l di ar a daingne
an tír-si ag triath Moghairne
slóigh chathardha da ccor uadh
’sa[n] Tor *mhilthardha Nemhruadh.

22 Re cloinn Choiléin ní cosmhoil
an Tor Nemhruadh néallach-soin
acht a ttréithe an trá ro fes
cach re chéile da ccoimes.

23 Neiche na cruindi do chur
sa Tor Nemhruadh nert iongnudh
sduaigh chéatfaidhe da la(i)s lí
ní featfaidhe as éin-ní.

24 A-tá(id) ní dulta da léim
an bés cédhna ag cloinn Choiléin
críoch lígeal da leth sithe
ag díden crech(a) ccoigcríce.

25 Each na bó ní bainter dhi
is tig gach einchreach innte
anfat a mbiodhboidh giodh borb
fíonmhagh^{r} nach leantar^{r} lethbhorb.

26 Brígh náduire is ní nert shluaigh
cosnus tóir an T[ui]r Nemhruadh
ní hamhla[idh] do chloinn Choiléin
*an droing tharbhaigh ta[...] dr [...].

27 Ní har an ttír tharla(idh) an rath
as cosnamh don chlár bhraon[ach]
gídh í is ailli go Cliaigh ccoir[r]
acht a ndiaigh laimhe Lochloinn.

28 Ura eagla(idh) fheaghthor doibh

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

mac Derbhfhorgoilli ó bhregBhóin[n]
do shluagh caon iath (?) cionadhoigh Chais
gidh ionfhaghoil iat 'na égmais.
29 Do bhiadh gion go raibh roimhe
go haonláimh as ionghoili
rath faghla ó Lochloinn go léir
ar rochloinn chalma Choiléin.
30 Iomdha air adhbhor molta
eider aoibh is adhmholta
luadh thrid(h) a-ta ara ttaiseach
le mbíd mná go mioscaiseach.
31 Tréithe a mhathar 'sa mhaith féin
a n-oighre chlann cCoiléin[s]
(i)'s lán do mhaith úir a athar
flaith ó Bh(f)úill na mbrechlachan.
32 Tug leis a ttréithe 'na ttriúr [18r]
buaidh ré a mberor an móiriúl
arna dherbhadh leth ar leth
eidir éagnomh is einech.
33 Oighre Lochloinn mheic Mheic Con
feidm nach urusa d'ú[gh]dor
mac Con Mhara Mhuighe Mhaoin
cor a modha uili a n-aonlaoidh.[s]
34 A leth do chrú Chormaic Cais
's a leth d'fuil Eóghain armghlais
na sluaigh-si da bhfuil féine
dá fhuil uaisle aoinphréimhe.
35 Fiorfháidh sheólto shíol Aodha
fiodhbhoidh mar na fíonchraobha
ni clethchranda an choill dá bhfuil
merphlanda do chloinn Charraidh.
36 *Oighoire fhóid na Sionna
marcach mhuighe h(i)Oliolla
diongna mar ghabha an gort
biodhbha agus cára Chonnacht.
37 Seabhac séanamhoil shil mBriain
mac Dearbhfhorgailli ó chlár Chlíaigh
gég chaomh ag uaim an achoidh
nar smuain éntaom anachoin. Coin ...

109

Cóir foighide re feirg nDé
[Trinity 1340 (H.3.19), 28v]
{Tadhg Ó hUiginn/Ruadhán Lothra}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Coir foighide re feirg nDé
bi[dh] a n-oirchill an findé

Roinn na Sanscóg, Col. na Tríonóide, TCD

gradh ar a fhoighide ag fear
gloinide a dhal fa dheireadh.

2 Foighide re feirg in Righ
da nderrnam dia do shoigniomh
do-bheura in Ri co soirbh sin
gach ni is doirbh les na daoinibh.

3 Gar beag dhún dia do creidim
d'eisimplair don bfoighidin
an te do chreuchdnaigh a chigh
e a n-euntoigh reisin Airdrigh.

4 Inbeiti ar a aitris fen
fosaidh re feirg an fhiren
tinmhi a bhos is a bhonn
do-righne fos 'ga fhulong.

5 Do-ní an fhoighide mas fior
a gcaomhna ar feirg an Airdrigh
daoine damainti dibh sin
glanaicme Righ an righthigh.

6 Sgeul as ar choir a creidimh
fuarus ar an bhfoighidin
go m[b]eth neach gan damnadh dhi
go bheth raghlan roimhe.[s]

7 Do caithfidis clann Eubha
a iarradh le haithmheula
's gan a fhalaidh uain d'fagail
a bfaghaibh uain d'easanair.

8 Tigerna an tighe neamdha
umhlachd a n-ainm tigerna
do-gebh rí da ttabhair tir
's ni tabair hi don Airdrigh.

9 Leathtrom nach lugha na soin
do-ní sinn saobh in riaghoil
beith a bfallsachd dar bhfeithmheoir
is annsachd dar n-aimsicchtheoir.

10 Da tti Athair na n-uile
a n-ionad ar n-adhrui-ne
ni beuram linn ar lethtrom
's do-beuram ind ineuclond.

11 Dia Luain an la fa dheredh
oruinn is edh aitfigher
ca cas a dhaoine is deacra
bas na hAoine oirdherca.

12 Coir foighidi re a f(h)eirg sin
Muire matair an Duilimh
fearg ag an raÓigh rinde
is anoir dherg dernoinne.

13 A broinn Mhuire mairg [nach] creid
mac na hOighe is edh thainig

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mar fhin derg a dabhaigh óir
fe(i)rg ’na hadhaig[h] is (h)écgoir. Coir ...

110

Cóir súil re seasamh Gaoidheal*
[TCD 1411 (H.6.7), 514 (2nd copy)]
{Maoilín Óg Mac Bruaideadha/Maolmhuire Mac an Bhaird}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cóir súil le seasamh Gaoidheal
fíor chatha le a ccómhmaoidheamh
an[a]mhain lé cóir a ccu[i]r
ag d(e)aghfholaibh chláir Cobhthaigh.
2 Giodh mór d’inghreim is d’foghail
fuairsiod fá fhonn bhFearadhaigh
acht gan claonbhádh[r] Dhé dhil[s]
do fhaomhadar é idir.
3 Do thairrngir Pádraig na bpeann
mar do bhí ag beannach Éireann
d’feinn leiggil Teamhra na ttor
sealbha an chreidimh do chosnamh.
4 Iarraidh claochlóidh na ccreideamh
le neart anfadh eithreig(h)eadh
*d’ógbhoibh taighle[idh] traicht na bhFionn
páirt dár thairngir an Tailgionn.
5 Seasamh daingean dá dhruim sin
gan báthadh coinnle an chreidimh
gan sraonadh do *bhean dá mbon
do fhréimh Gaoidheal do geall-san.
6 Gá naomh eile d’Inis Fáil
ar lorg Phádraig an phríomhfháidh
fá magh Teamhra na ttracht bhfionn
nách deárna ar tracht an Tailghionn.
7 Do gheallsad nao[i]mh a-nalláin
sgrios Gaoidheal le gruamGhalláibh
feadh tréimhsi le tuinn ttachair
don eing-si Chuinn Chéadchathaigh.
8 Gealltar leó a-rís Banbha Breagh
ar ais do gasradh Gaoidheal
foinn fhrosglana na ráth tte
ar sgáth cosnamha a ccreidmhe.
9 Dá ccreidthear cómhrádh na naomh
foirm bona a mbuileadh neamhchlaon
flathbhranáin fán faoilidh ceall [515]
Gaoidhil d’athghabháil Éireann.
10 Do ghuais a ccreidimh do chaill
dá maithtear fós na fearainn
tagra do-chóidh ó chogar

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

cóir na heagra fuaradar.

11 Táinig(h) *ón tairngire as-deagh
do fíoradh fios na bhfáidheadh
feidhm chruaidh imp(ídh)e ní foráil
cinnte an uair dá hiongabháil.

12 Liaig léar mhiann leigheas a luit
inis Banbha bean Chormuic
cóir teachta do chur chuige
do sgur deacra a dochruide.

13 Seán Ó Dómhnaill d'feidhm fhoirfe
dá ndéantar ceann cabhraighthe
tuir chobhsaig a ngliaigh re goimh
liaig dár chosmhuil a cobhair.

14 Díd(h)ion Éireann (n)a fheidhm soin
brat chabhra chloinne Dálaigh
gus doighfheithmheach ag dáil reann
foireithneach cháich go coitcheann.

15 Se[a]án mac Aodha ag cur chath
lén miann cobhair chláir Teamhrach
a thogha is dú re ndocra
cú buna na beódhachta.

16 Linnteoir linnteagh an ghaisgigh
gan grian ré ngliaidh ndothroisdigh
*bás dealbhghnáth dá ndeachair toil
eochair na mbearnán mbaoghail.

17 Eite lúith chloinne Conaill
lámh dhíobhruigtheach dhofhulaing
gníomh fáltach ar chuardaibh cean
marcach uachtair na n-aimsear.

18 Oighre Aodha b(h)iathadh badhb
taisdealach na ttreas n-aghgharbh
re bhfeidhm ndoil[i]g ní gheibh geis
[i]s ní bheir(ionn) troighidh tairis.

19 Cú Cu(a)lann an chleasradh mhir
mar sin do a n-am gach éigin
le a chéim mar nách cleachta cur
léim na d(h)eacra(dh) ní dhiúltadh.

20 Cú Eamhna ó nár fhéidir dul
baramhuil as dílse dho-san
ar bhreith réidhe ar chiorrbhadh corp
d'féile d'eagnamh is d'udhbhacht.

21 Nó sé Cu Raoi 'na riocht féin
ua an Chalbhaigh choisgeas oilbhéim
ag breith buadh gach treasa a ttoir
's ag buain cheasa do chlóchaibh.

22 Fear Diagh is Fraoch mac Fíodhaig
beithre an ghaisgidh Ghaoidhealaig
lucht seasta confaidh 's dá chur

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

onchoin lén measda a mhúna[dh].
23 Nó as é Murchadh miann sgoile [516]
fá mac do Bhrian Bhóroimhe
a ghnaoi ar gach cathghort do chur
ró sír a n-athchorp a n-eagnamh.
24 An aithghin sin le seasamh
Se[a]án a n-am imreasan
céadfadhach a mheinn le a mheas
réim éachtghonach le a áithchios.
25 Néiric (?) an tréimhsi a ttá sin
gan féachuin a ng[n]íomh(raidh) gaisgidh
cúis bhus fáth éighmhe is uamha[i]n
a ttráth eirge a n-athshluadhaibh.
26 As é chaithfeas fá a ccomhair
dá n-éireócha an fhíorchabhair
an briochtga uim bhraonchlár na bhFionn
dá ttiocfa claochládh céimionn.
27 Urchar eile a *thuigsin sin
tug triath do thriathaibh C(s)aesair
tig rath deirgchneadh don donngha
teilgthear san Chath Chathardha.
28 Caesar is Poimp mór Máighe
líonaid gér lucht cómhbháidhe
tar cheill chogair do-chuas de
cruas a ccogaidh re chéile.
29 Fir an domhain leat[h] ar leath
do bhádar fá bheirt meisgneach
gá neach ón fhairbhrí(o)dh do fhan
fá dhá áirdrígh ar *n-iadhaibh.
30 An dá rígh-sin rún goimhe
lingid go lár aonmhoighe
’sa lucht nár laochmhaithmheach méin
géar lucht aonchathrach iad-séin.
31 Ód-chí gach cura ar-oile
d’éis teachta a n-áit urlaidhe
a ccóibhneasa do *chlú a ngal
lá a ndroibhneasa do dhearbhadh.
32 Ar ttogbháil a ttreala[i]mh gliadh
fuirighid le headh imchian
gan maitheamh cean is gan cion
gan caitheamh sleadh ná soighead.r
33 Laoch do dhearsgnaidh don dá dhroing
nár fhéach do cháirdeas cumoinn
tug taoibh créachttolltha[r] san chath
tréar sgaoil eatortha[r] d’éagn[ach?].
34 Urchar sleidhe ar séan ngníomha
caithi(o)s d’aghnadh éisíoda
mór lucht torchair san treas-sin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

d’ulc an urchair *áitheasda.
35 Traisdínéis an tuir chatha
d’ársadhaibh an árdfhlatha
rós cha[i]th caoilshleadh chorr tar cor (?)
dár sraoinedh sonn le seisior.
36 Air Thraisdínéis gá ttáim de
as cóir a chlú do chuímhne
ar i (?) bairn bhflath[a] go fearrdha [517]
maidhm an Chatha Chathardha.
37 Tusa an Traisdínéis eile
chaith(mh)eas an tsleidh shithnimhe
a fhionnardtuir gan grádh Goill
dá hágh ionarbthuir eachtroinn.
38 Ach seain (?) ag rochtuin na reann
tú Traisdéinis fhear nÉireann
a lasair as doilge dóigh
a lasadh coinnle an chosgair.
39 Fada bhus oirdheirc tar th’éis
mar tá an *tan-fa ar Thrais-déinéis
gá clú a-niogh *féach is fearr
léigheadh do chlú ’s do chéimeann.
40 Ní tú baramhlaidh (?) beagbhreath
a airgtheoir na n-ainchreidmeach
a ghlanchroidhe gan grádh cruidh
acht lán d’aithríghe is d’éachtaibh.
41 Do labhair Colu(i)m Chille
ort a bhfúighlibh fírinne
’s air th’éachtghonuibh a n-am creach
a *lán créachtdomhain crithreach.
42 Tréad ghaisgidh a bhfaobhraidh bhfoirtil
tuigthear thusa ad *tharrngthuirech
a sníomh gach gasraidhe ar ghal
’s tréad bhasghloine ag díol deóradh.
43 Do thíodhlaic Dia díbh budh dheacht
gaisgidh iocht is uaisleacht
níor fríth tréigh(th)e as córa a ccorp
feile chródha is ceannsacht.
44 A mhílidh éachtaigh Uladh
bheanfas d’Fódla a húrdhúbhadh
a sgiath choimhge an chlú ó thoil
tú gan doilge ré ndeacair. Cóir ...

111

Coisgidh don aos ealadhna
[RIA 743 (A/iv/3), 800]
[Aoi Fhreislí]

1 Coisgidh don áos ealadhna

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

a dhrong chleachtus boing bhéime
aithnidh dhúinn bhar nemhtharbha
nó bíoth slán cáigh fá chéili.

2 A Dhé (?) a lucht an rofhormaid
fá mbeittís lán dar n-úamhan
créd é ar ttarbha d'ollamhnaibh
ceisd nach orusa dh'fúasgladh.

3 Comaidh sibh gan bharánta
móran do sgelaibh gránna
ar áos téd mbinn macánta
ní airbhim an t-áos dána.

4 Trom sibh ar na shagartuibh
beg oruibh na huird bochta
cía díobh dona an bharamhuil
a-dertháoi acht dáoine crosda.

5 Sáoithe sáora seanchusa
breithimh thúaithi bhreth nglanchoir
bíd 'na muinntir dermadaigh
úaibh-si a n-aimsear an athoil.

6 Legha na gcréacht gcnestháitte [801]
da ndamhthaoi dhóibh a ndúthchus
bíd buidhioch dhár n-eassláinte
dá laghad fríth bhar ndúthracht.

7 Géire sibh ná frithiorghlámh
mór díbh lucht dénta magaidh
coisgidh dhínn dár n-ithiomrádh
d'egla mo chinn do chrathadh.

8 Súil oruibh go hanshocair
madh doirbh libh sin ní lamhmáoid
cneasda dhúinn an bharamail
imbert bhodaigh is macaoimh.

9 Srían do chór rém thengaigh-si
sáobh is sibh-si 'gum áoradh
bó sgáoilti bó ceanngailti
ní comhmór bhíd a mbáogal.

10 Sinni a-tá lán d'foighide
sibh-si lucht búana an bhéime
tugadh ríamh go roimhinic
ainm na beirti ar a chéil[e].

11 Gerr go mbía caint againne
gé támaid balbh go ttrásda
ní ferr lúas na romhaille
fáda a-tá ríamh 'gá rádha.

12 A lucht tuillthi tatháoire
chainius sinni ós ísiol
sochar Dé nár fhaghtháoi-si
monab sinn thuillius mímheas.

13 Trúagh gan sinn dár tteasdugadh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do rer chille nó túaithi
s(n)inne mar áos ealadhna
sibh-si mur dháoinibh úaisle.
14 Ná dénaidh trum orainne
ar ghrádh Dé éisdigh éisdigh
dana na coin robhorba
ríamh ar chroicnibh a chéile.
15 Úasal sibh-si dh'fholuighiocht
sibh fein a-tá 'gá rádha
boichti sibh ná an bochtainiocht
coisgidh dhinn dá bhur ndánacht.
16 Creidigh úaim na sgéla-sa [802]
admhaim féin d'Airdrigh nimhe
nar labhras féin énfhocal
badh measa na bhar n-ainm ribh-si.[s]
17 Mein da feabhas chugaibh-si
ni díon duinn ar bhar ttoibheim
ní léir dháoibh túar tubaisde
go bfuil ionnainn acht droichmein.
18 Do dheóin Dé a dhrong dhamainte
do mheabraigh cluiche lúibe
bíaidh an imbeart againne
go ttí san chluiche dhúinne.
19 Murchadh mhac Bríain Bhóromha
damhna rígh na mbreath n-iodhan
lámh dob fherr fá órbhronnadh
trúagh gan céad úaibh 'na ionadh.
20 Do bérthaoi ar ar n-eadráin-ne
dá mardáois lucht ar gcumhdaigh
a ttosach na heasláinte
do bhíadh aimsear an úrchoisg. Coisgid ...

112

Coisrigh, a Chríost, cairbh Dhonnchaidh
[RIA 3 (23/L/17), 12b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Coisrig a Chríost cairbh Dhonnchaidh
an Charthuigh ghlic ghniomharthuigh
don chonair nó go ttí a ttráigh
na blodhaigh í fán édáil.
2 Bí ar a chogthach ad chrann seóil
dá chur tar fheirg n-aigheoin
réighidh a Rí an rian roimhe
go ttí fá fhiadh Iughoine.
3 Fóir a ghuais a mhic Mhuire
a Rí a thriath na trócuire
tug gan saoth tar sál a-noir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

an laoch go slán a Saghsoibh.

4 A Thrionnóid tabhair ’nar ccenn
ó Lúnduin é go haithgherr
an ghlanshlat as ordhuirc d’fuil
daghmhac Cormaic Mhéig Cárthuigh.

5 Fá mhac Chormuic Óig ordhruic
fear fóirithne ar n-otharluit
féch a ccás cabhra mheise
damhna grás do ghuidhi-se.

6 Cuir a laoidheng go luaith leis
’na réim reatha gan eisleis
’nar ndáil go hiarthuir Eorpa
an fhialchuir cháir chineólta.

7 A Choimhdhe soirbhigh gach séad
do Dhonnchadh ciabh na ccaimghég
an Carthach nó go mbia a-bhus
go sia a arthach ar eolus.

8 Caomhuin a Dhé ar thuinn tuile
oighre mhíledh Musgruidhe
mac Cormuic nách cruadh re cléir
ó a luagh budh ordhruic eiséin.

9 Fóir ar anbhuain a Íosa [13a]
a bhreithimh laoi an Luaintshiosa
gabh-sa a ghuais an fhéinnigh ort
gluais is éirigh da fhurtocht.

10 Maighre soláin na ttres tte
ó chúirt an ríog go roithe
féachuigh uaibh docra an duine
a uain ochta ógMhuire.

11 Ógán foghlomdha fesach
onchú éachtach áithesach
saoirfher do uaisligh a fhuil
d’uaislibh Gaoidheal ar ghníomhuibh.

12 Mílidh coinghleaca cogthach
go ttí Donnchadh daonnochtach
gan duilghe fá nert a-nall
go bhfuighbhe cert is cothram.

13 Slán go ttille oirn tar ais
le mbia se a seilbh a dhúthchais
mac an tigherna is maith méinn
budh flaith infhedhma ei-séin.

14 Mádh áil le hÍosa Donnchadh
lé mberthar buadh deghorchar
biaidh suasan an seang searcach
go teann uasal oirbheartach.

15 A Thrionnóid na soillsi as sia
ó taoi a[t’] triúr is [a]t’aoinDia
do ghniomhradh is glóir dod ghrádh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fóir lead mhiorbhal an macámh.

16 Foillsigh a uain na hÓighe
’nar cuiredh cailg choróine
gan ró decra ’na dheghuidh
bhúr bhferta dho a Dhuileamhuin.

17 Cuir chuguinn a Dhé na ndúl
Donnchadh an feinnedh fialúr
fer na huaisleachta as ferr fuil
geall guaisbherta ’gá ghníomhuibh.

18 Nír mealladh mheise a-nosa
fám chéile do charos-[s]a
laoch gan chiaidh do chrú Ghaoidheal
biaidh a chlú dá chraobhsgaoiledh.

19 Gaol iarla chlainne Carthuigh
aignedh ghaoth ar ghníomharthuibh
do thoghus-[s]a féine an fáigh
céile as urusa d’fagháil.

20 Iarla O Briain do bhronnadh bú
táinig reimhe dá fhrémhchrú
urradh don fhionnál as ferr
lionnán ollamh na hÉirenn.

21 Táinig thríd fréimh na fola
clann Chárthuigh chláir Mhúsgrodha
na fedhna nár chian ó Chorc
do thriall a menma ar mhórdhocht.

22 D’eagna iarla fhóid Mháighe
craobh thoruidh na tromdháimhe
an uair-sin do cora a cceim [13b]
fola do uaisligh ainn-séin.

23 Crú an Róisdig ríomhthar ’na stair
táinig thríd don fhréimh Fhranncaigh
Donnchadh naithir ar fhedh n-áigh
fer do thaighigh an teangmháil.

24 Táinig uime don fhedhuin
tonn fhéile don fhuil Bhuilteruigh[s]
a mhaoidhemh ní diombádh dhamh
leannán na n-aoidheadh d’iomchar.

25 Donnchadh Óg ní hiúl bréige
aonmhac merrdha Mairghréige
brath ar n-óroige ós é sin
budh rómoide é d’éigsibh.

26 Mac Cormuic cennport an tsluaigh
maighre geal ón Laoi ionnfhuair
cuir tar sál a Dhé na ndúl
mo ghrádh go mbé ’na bharún.

27 Eo fis mionabhann Móire
urradh brégtha bhanóighe
Donnchadh mo sherc nar mhuigh móid

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a thecht dá thoigh a Thrionnóid.
28 Mac mhílidh Mhuighe Chromtha
tiocfa sé ar sen cobhartha
slán a Saghsuibh go so soin
ón ghlasmhuir dó gan decoir.
29 Slán go mbia a mbrugh a athar
an mílidh gan merachadh
daonnuighe budh cian go cóir
aoghuire cliar do chongmháil.
30 Sul bhes innte a n-uair anfuidh
cairbh Dhonnchaidh an dedhCharthuigh
ó na doilghe saoruidh sin
caomhuin a Choim(h)dhe is coisrigh. C ...

113

Comhardadh, cionnas as chóir
[NLI G3, p. 76v]
[Deibhí, Ógláchas]

1 Com*ar*dudh ci*n*das is coir
cesd as fi*ar*faighthi d'ogmhoir
snaidhm Gaidhilgi & a glas
c*r*aed briseas *no* craed claen*a*s.
2 Guthaichi chlaenas go coir
i*n* com*ar*dudh a [*ced*?]oir
bristear agaidh i n-aghai[dh]
com*ar*dudh ag *con*sanaibh.
3 Aenguthaighi is i fa dho
is a*m*laidh is dligeadh dho
bidh claen ach mi*n*eb ea[dh?] raibh
a dho agaidh i*n* agaid.
4 Innesa(i)d romom i*m* r[onn?]
riaghail consainead com*tr*om
.b. tea[n*n*?] .d. teand .g. glan
t*r*i*ar* o*n* com*tr*om com*ar*dad.
5 .F. ti*n*di go n.h. mar ae*n*
.c. go n.h. i*n* treas re tae[b?]
ni uil ag soil ach si fe*n*
do com*ar*dudh fa com*r*e*m*.
6 T*r*iur ig .p. bhan [77r]
.t. tea*n*d is coll comhlan
t*r*i feadha nach frith go se
gan beth comthro*m* re cele.
7 .M. teand .n. tean*n* ni t*r*eoir bhalbh
.ll. ng. r. rogh*ar*bh
.u. *con*sai*n*e ceann i ceand
ineoch is com*tr*om comhtheand.
8 B. semidhi solus

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

.n. edro*m* gan amhfhorus
& l. ed*r*om eli
.dh. m. tse*m*edhe.

9 G. gu *n*.h. r. edrom an
i*m*ar de*ar*bht*ar* isa dan
sea*cht* feadha do rer dhlighidh
i*m*icheas ar aenslighidh.

10 Randa uaitneada ana
comh*ar*daidh dirghi dana
dha fhidh *ar* [.xx.?] dibh si*n*
do cobh*air ar* consanaib.

11 [Da?] .b. da .l. f. fen
soil da .n. da .d. badhen
da .t. da .e gan col
da mhui*n*. da .g. a *n*gedor.

12 Da .r. ma[r] raidid filid
do rer dhana & dligidh
ui*m*ir na *con*sai*n*eadh ce*ar*t
is esen uili a n-i*m*dea*cht*.

13 Gebe nach thuigfea in laidhloir
nocho fi*n*da ce*ar*t no coir
ci*n*das bis eigsi gla*n* g*ar*g
namad co*mtr*om co*mar*d.

14 Ci*n*das as coir cur fa seach
ci*n*das claent*ar* leath *ar* leath
ni bi ach da char ’ga cur dhe
dul a n-*air*de ’s a n-isle.

15 A n-isli thed idhudh an
a n-*air*di ted ailm i*n*lan
da fort *ar* fhichead gan oil
’gon ailm is ’gon idadh-soi*n*.

16 Ailm. fen .on*n*. u. ebhadh leo
uill*in[n]* ua ifin ne*m*eo
ebad ea [77v] is ifin .iu.
fa [aen?]reim

17 Iifin .ia. mar fuaighid b*air*d
ea*m*ancoll ae *air*d in *air*d
icur maseach si*n* m*ar* si*n*
ar aenuaitni deg (deg)dealbtair.

18 Edadh idhudh ceand i cea*n*d
& ebhadh eo. iseall
oir uillea*n*d uaigh gan forlo*n*d
is ifin iu. a n-aenco*n*gla*n*d.

19 Ifin iaigh ifin iuigh a*n*d
ea*m* .e uaigheas rand
ae .i. bun a mbun
is ai .a. ’na arrud.

20 Cur ma seach *ar*a fhuil feid*m*

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

aenuaitni deg iga dhe[i]lb
edhud idhudh ebadh oir
da uilli*n*d mar nach egoir
da ifin da uaitne dhe
na tri e*man*choll isle.

21 Gebe fi*ar*faicheas in duain
cia ro cu*m* i[s?] cia rofhuaigh
O hUigi*n*d danadh ain*m* Tadhg
ro chu*m* i go coir comhard. Com.*ar*.d.u.d.

114

Comhfhada a ré is rath Í Chaoimh
[RIA 5 (23/D/4), 152]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Comhfada a ré is raith Í Cháoimh
comhachta Dé is asda fuair
triall ar mhaith rochtain a réim
flaith tséimh nach gontar a ghrua[i]dh.

2 An (n)e Art féin fuair do nimh
o úan Dé an rath muin ar mhuin
no an e reidhe an chuaine ór chin
do-bheir búaidh féile ar a bhfuil.

3 Is d'feartuibh an tí ó ttád
fríoth gan ceas le céibh na ród
a bheith gan smacht Gaoidheal nGreag
fá sgaoileadh séad ar Art óg.

4 Barr ar fhéile Guaire ghloin
ar uaisle a ccéimibh do chuir
a dtosach ré an dearcmhoill díl
do luigh sé ar cheartroinn a chruidh.

5 No gur thionnsguin Guaire glinn
a ionnmhus do chruaidh a chuing
ar ghlac sé do ghrís do ghreim
a *n-earr a ré a-rís do roinn.

6 A ttós ratha is re Uí Chaoimh
gan deachairt d'féile níorbh fail
go teacht laoi (n)a chaomhanta a ccriaidh
biaidh fa ghnaoi ndaonachta ag dáimh.

7 Lór le hArt an aignidh úir [153]
a bhladh ar marthain da *bhuíghinn
t(h)earc a-niugh aige dá bhfúair
fada do-chuaidh clú Í Chaoimh.

8 Do sgaip le uaisle an úir fhéil
ar chnuasaig acht a chlú a-mháin
do chaith go hollamh a bhfuair
flaith cruaidh ar donnadh le dáimh.

9 Tug mionna re deachairt díobh

Roinn na Sé[illegible], Col. na Tríonóide, TCD

an eaglus an file an fáidh
léim tar tí ní thug O Caoimh
ni thug da aoidh ní budh nár.
10 A-tá ar a bhronntuibh do bhúaigh
fáth as nách folmhuigh a lámh
tar a mhéid do chaith Ó Caoimh
'na mhaith 'na mhaoin ní théid tráigh.
11 Lán a lámh d'ionnmhus re a ais
ní hiongnadh leis an bhfáidh bhfis
da tteagmha a-nocht ní nár lais
da gheis gan olc da rádh ris.
12 Roinn re bochtuibh siordháil séad
gach aonlá is da obuir súd
da chrionnacht luídhe fa lód
síothArt óg duine gan dútt.
13 Géag thoruidh nach tuillfe béim [154]
a cuimhne ní docair dhuinn
innbhir *deaghaghaidh da gach dáimh
ingean cháig Í Fhearáil úir.
14 Ingean Í Fhearáil f[h]uair bladh
beangán as a cnuas ró-m char
múr tir(i)mfhleadh gan teirce a brugh
an ing[h]ean dubh geilte ghlan. Comhfada ...

115

Congaibh riot, a Ráith Chruachan
[NLI G 181, 108]
Gofraidh Mac an Bhaird: do Dhiarmuid mac an Dubaltaigh meic Tuathail meic Eoghain
Chaoich Ui Choncabhair.
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Congaibh riot a Ráith Crúachan
fada is ceide creachrúathar
*dhiom th'fedh sédsrothac slim
a bhen egcrothach Oilill.
2 Ad rían cen ad conair slúaigh
fada a-taoi trom an anbhúain
a mhúr sen cladhshocair cuir
gan fer n-anacoil oruibh.
3 *Do hoiredh le hingnibh cen
cluain bhur sgor aithe th'foirgnedh
slios do chúain comhair do threabh
congaidh ar n-úair ré t'aignedh.
4 Tugais oige ar aois shenda
do thréigis tlachtus soinenda
*as sgéimh ndoirche a chettbhen Choinn
a dheidhgheal dhoilfi dhioghuinn.
5 *Niodh obthach ar amhsoibh Gall [109]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

faoifidh sibh le sluagh Frémhann
tháinic ribh th'iomlat orra
sibh dot iomlat eatorra.

6 Tar éis na bhfer ro-s faoi ribh
fuilngidh cách re cían d'aimsear
a treabh mhín glaintethlach ghlais
baintrebthach dhíbh do dhenaimh.

7 Srían le t'aignedh iomchuir th'oil
congaibh fós féich le cabhair
a Ráith Cuinn bhraontana bhog
cuing na haontomha orad.

8 Ro-d fía(dh) ceile chuirfius libh
ro-d sgarfa réd sgeinm n-éidigh
dot fheraibh disle bú-dhéin
don tealaigh Ir-si eisein.

9 Gérr go bhfuighi fer cúbhaidh
d'uaislibh fhola Concubhair
*ionsma fobha cirrbad corp
da ttora h'imnadh d'furtacht.

10 Airgthech Clíodhna an chúain bhárcaidh [110]
Diarmuid mac an Dubháltaigh
fer téchtaidh do bháines mbog
féchfaidh tre áines orad.

11 Dingebhaid daoirsi t'fhine
troidfidh timchiol th'innile
saoifidh an úair-si t'orchra
laoifidh uaibh-si th'allmurcha.

12 Acht go gcuiri cúairt ghaisgidh
fa Fhódhla mbuig mbraonaisdrigh
a Raith Mheidhbhe an mhúir dhédla
deinmne ar h'uidh ni fhuilénga.

13 Sillead[h] oirbh d'fhiorrinn annsa
do-ghéna an seng súlmhall-sa
a ráth nach eidigh n-oirir
fat[h] bhur n-éigin d'fhíarfoigidh.

14 Laibhéraidh rett lecain nduinn
mar do-roighne Cu Choluinn
re Derbh-Orguill inghen Ruaidh
ag orloinn inbhir adhfhúair.

15 Fecht n-aon a hinis Erenn [111]
da riacht Cu na gcaithreimenn
d'fhoirdnedh fhoghluma an duinn dil
a gcoing ghlanrulla an ghaisgidh.

16 Lá d'airighthe san tír thoir
do-chuaidh d'fhorbhais ar énoibh
dá bhfúair inghe[i]n ndubaidh ndil
ar thulaig inbhir úaignidh.

17 "A bhen" ol Cú an chrotha ghil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

“id chesa cia ro-d bhuadir”
don o(i)g *bhinnghil eaccnaidh fhéigh
fregraidh an inghen ain-séin.
18 “Ben misi dar eiridh oil
tigherna an fhoinn-si mh’athair
da thruimi tarla ar ttuirsi
uille damhna ar [n]do(n)ghuilsi.”
19 “Ni dith carad as cuis damh
ni teirce cruidh na cethra[dh]
ni tacha sétt” ar sisi
“crett m’fátha dha innisi.”
20 “Me Dearbh-Orgaill inghen Ruaidh [112]
faoifidh liom-sa lór d’anbhúain
tri hait[h]igh nach aobdha dáil
a nathair mhaordha macaimh.”
21 “Cíos trom a-ta ar an ttír-si
ag na hamhsib aindisle
cettghin cloinne gacha ríogh
coinne do éignigh mh’imshniomh.”
22 “Misi céttghin cloinne an Ruaidh
eigin dúinn dia do dhiombúaidh”
ar sí “no oighidh mh’athar
soigidh na ttrí ttorathar.”
23 “Gluais a óigfhir *oraoid libh
sul tegaid na trí haithidh”
“ní fhaomar” ar Cú na gcles
“go saorar thú ód truimches.”
24 Ad-chíd chuca a gcionn úaire
*ni trí haithidh armnúaidhe
anaid rú ger mhenma mher
Cu na hEamhna ’s an inghen.
25 T(h)ug an Cú um chenn na mna-sin [113]
don druing n-aingidh n-úathbhásidh
troid bhorrfaidh fa búaine gomh
go ttorcha[i]r uaidhe an fhedhon.
26 Troid oile a hionshamhail soin
do-bhéra mac mic Tuathail
d’fhein Shaxan um Cruachain Chuinn
gasradh do fhúataigh urruim.
27 Cruacha an ben-soin do bhí a mbroid
tú fer a diona a Dhíarmuid
a nathair do chloinn Chonnla
Goill na hataigh allmhurdha.
28 Tú *thinghébhus dhi a doilghe
tú éistfius a hurfhúighle
raith chuir na ngégaoillius ngeal
ruibh egcaoinius a himnedh.
29 Minic fechtar thú a ttreasoibh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ni leicfe a los imresoin
ben broide do dhenaimh dhi
ar aba t'fhéchain impi.
30 Coisgfidh sibh sealad oile [114]
daoirsi ghallghuirt Laoghoire
do ráith bhuig finnnéllaigh Aoi
indénaimh dhuit da ndérntaoi.
31 Do-bhera sibh o so a-mach
go Cruacha chloinne *Maghdhach
laoich do-roicch banuis Banbha
coir gach amhuis allmhurdha.
32 Ni sgarfa rett scéith n-órtha
go sraoine tar seanbhochna
a chu fiadhaigh bhenn mBanbha
eng an fhiallaigh allmurdha.
33 Na geinnti do ghabh Fodla
fuilngi ar fedh a bhfurogra
ag súr geilfhiodhbadh is glenn
fa teim[eal]mhagh n-úr nErenn.
34 Carn Fraoich ag feichedh ruibh-si
Raith Cheit acc cur chugaibh-si
blath fedh ag fornidhe ort
ar fedh collmhoighe Connocht.
35 An tshíon bhalbh an traigh thoirtheach [115]
na haibhne in úir gegfhoichnech
an tonn a mhac mheic Túathail
dod reic sonn re senChrúachain.
36 Gidh edh ni thighfe tusa
re slios an mhúir Mhedhbha-sa
luighe ar leith *tiombaidh dháoibh
go reich a n-iomáin d'éntaoibh.
37 Suan oidhche ni heidir libh
feicidh tú do threibh Tuathail
do Laoi 's do Lúachair Dhégaidh
's do Chrúachain Aoi a n-éinghealaidh.
38 Tu fheichius do Mhoigh Mogha
tu *bacaidh na Boromha
tu dhíd(h)nius an crú Cuinn-si
tu *tib(h)rius a doghuillsi.
39 Tu fiadhidhe benn (mbenn) mBérra
tu creachoir clair *righfhÉile
tu is coimedaidh do chluain Fraoich
an brúaigh fhoighegaidh fhérmaoith.
40 Tú is cladh tóronn da ttrácht uibh [116]
a oighre óig an Dúbhaltaidh
tú as tuir do Crúachain na gcath
's as buacail cruidh *do chomdach
41 Tu an ruire da raibh a ndán

Royal Irish Academy, Cóir na Tríonóide, TCD

breth broide Erenn d'iompádh
a lig thoinighthi a troigh mhall
a ghoimh oilithre eachtrann.
42 A ua Cathail an Chroibh Dheirg
is Thaidhg na deibeadh dibheirg
a chrithir is conchur goimh
a bhorrfadh frithir ferchon. Congaibh ...

116

Congaibh róm t'aghaidh, a Aodh
[RIA 490 (23/N/15), p. 161]
Tadhg Óg c*ecini*tt
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Connuimh rom t'aighidh a Aodh
a fholt fáthmhuinneach fionnchlaon
a Aodh a hÁruinn Mhédhbha
a chraobh aluinn fhinneamhna.
2 Ná cuir cor dhíot síar na soir
a Aodh go *n-aimsín t'aighidh
fuire ris an bfra[i]s molta
a chais bhuilidh bhéalchorcra.
3 Na sgib uaim troighidh trasna
a chuilén sheang shúlmhall-sa
dá sgib a hoired air fad
go nách tig sóighid seochad.
4 Créd fá mbéin-se do bhoghuibh
d'amus t'éarladh fionnchladhaigh
do shreangaibh bhógha ní bhéin
fógha as mo theangaidh teilgim.
5 Cuinnimh t'abradh craobhdhonn cas
ag seo an t'urcur dot h'amhas
coinnimh an mhallshúil ngla[i]s *ngluin
a bharúin cais a Cruachain.
6 Connuimh an béal corcradh cruinn
connuim an mhala míondhonn
connuimh [an] mba[i]s ngabhlaigh ngla[i]n
re fra[i]s róghla[i]n do rannaibh.
7 Coithig thall at ionad óil
ní gnáth corraighe air chusbóir
cionus do-chluine cogur
as duine dod dhiobragadh.
8 An teanga dhiobruigim dhuit
na saíghde glana ghabhmuid
badh let buaidh diobraigthe dhi
uaim a[r] ríoghmhaicni Rúghri.
9 Ná coigill crodh an achaidh
a mhic fholtchais fhionnChathuil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a duine na ttaobh ttana
a Aodh múighe Mochrama.
10 A Aodh Chliach a Aodh Áine
a Aodh Chruachna cladhbáine
a Aodh Cime a Aodh Iomdhán
badh saor inne a[r?] t'aithiomrádh.
11 A Aodh uí Dhuach galaigh ghloin
a Aodh ui Thuathaill Theachtmhair
a Aodh uí Chríomhthain Chodhuil
a chraobh fhionnchoill fhógamhair.
12 D'arbhar do líonais gach leirg
a Aodh meic Cathail Chroibhdheirg
a chraobh dhéidgheal bhonnbhán Breagh
lomnán éigne[adh] gach innbhear.
13 Lomnán measa gach muine
fód a mharcaigh Maonmuíghe
gach fíodh báingheal collbhán corr
lomnán áirne[adh] & ábhall.
14 A-táid fíodhbaidh[e] Fodla
a chaisfhinn got furfóg(u)ra (?)
as tú bhus rí air broín Banba
badh hí an choill do comhardha.
15 Níor ghein Éinrí(gh) fát folt fiar
níor ghein Ubhag ná Uilliam
saorchlan[n]a bine Banbha(dh)
nocha gille gallamhla.
16 Aodha & Finn fuair Teámhraigh
Bria[i]n is Táidhg is Toirdhealbaigh
a-táid onchoin 'mud cheibh caim
Neill is Donchaidh is Dómhnuill.
17 A-taid fád thrillis chleachtaicc
Muiredaigh is Muircheartaigh
a Cruacha[i]n sgáithigh sgoraigh
Tuatha[i]l(l) Catha[i]l Concúbha[i]r.
18 Do theach rígh a rí(gh) Chruach(a)na
múrr sligidh mhóir Mhíodhluachra
cinnte go bráith ad bhruíghin
cách innte gan f[h]iadhfruíghe.
19 Tigidh Con[n]acht go Car(a)nn Fraoicc
do rióga[dh] t'earladh fionnmhaoith
a flédha 'sa (a) mairt 'sa mil
do-gheabha a í Airt Aoinfhir.
20 Badh let ceanas cine Cuinn
a ua Oilliolla(dh) Oluim
badh let cean[n]a(i)s thoighe Táil
mar gheallas boile Bhear(a)chain.
21 Guídh-si féin Dia go díochra(dh)
nách lór d'iaraidh airdríogtha

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bí ma-raon is Rí(gh) neimhe
ná bí a Aodh don fháistine.
22 A í Mhéidhbhe muíghe Seoil
na creid fáidh ná creid cailleoir
is dom aimhdeoin dob áil libh
fáidh ná cailleoir ná creid-si.
23 Ná creid léaghthóir an leogain
is ná hádhair d'éinreoghaibh
ná hádhair do mhnáibh mana
fáidh an áigh éarlamha.[s]
24 Air do láimh a meic Móire
ó thugas treas seanmóine
treas seanmóire dheit am dhán
a meic gealMhóire Gabhrán.
25 Dílis do theach a thaobh seang
d'fearaibh Alban is Eireann
ní dísle sigh Médha a-muigh
do shíol Éabha is Ádhaimh.
26 Ní dísle cnoc Bréanuinn mbuig
ní coitchinne Cruach Phádraig(h)
fir dómhuinn as & inn
glas 'na ccómhair ní chluinim.
27 Orfhuíghle fear an dómhain
chugad a Í Conchúbhair
as é an gar an gar d'fullang
dam re hiomad d'uragall.
28 A ua ríoghna a Caisiol Cuirc
a ua Oillealla is fhionnLuirc
a ghil fhinn a Aodh Chaisil
*ad b(h)inn saor an sean(a)chas-sin.
29 A Aodh Cruachna an chómhrádh bhinn
a meic an Chroibhdheirg chúilfhinn
a rí an achaidh ghreadhaigh ghloin
a ndeaghaidh Chathuil connuimh.

117

Coróin Éireann ainm Í Néill
[O'Conor Don, 135b]
Ó Gnímh cecinit don fhior chédna [Toirdhealbhach Ó Néill]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Coróin Eirionn ainm Í Neill
cennus aca ar gach ein[fh]réimh
creidim do choróin chláir Breagh
as cóir do ghlanfhóir Gaoideal.
2 *Ga ferr mionn airgid nó óir
do-ronsat(h) fuil Chuinn coróin
rí ar nach snaidhm geill do ghabhail

Roinn na Seirbhíse, Col. na Tríonóide, TCD

Ó Neill (a) ainm a[n] uachtaráin.

3 O tugad cath Chluana Tarbh
ainm Í Neill nach iarr orarm
re na coróin chlair Criomhthain
lán d'onóir ag Éirionnchoibh.

4 A hEirinn na ttracht ttana
beirius mac Bríain Bhóramha
coróin Bhanbha is nír berthi
d'faghail anma oilirthe.

5 O rug *Donnchadh ó Dhál cCais
a hEirinn d'fhoileim turnais
an mhionn gnéshlim nglanóir nduinn
coróin na hEireann agoinn.

6 An fedh nach bfaghoid coróin [135(a)a]
sgatha Gaoidhil puirt Parthaloin
reidhfhailm na budh réid do sniomh
Ó Neill in [t-]enainm airdríogh.

7 Don leic tarla a dTulaigh Óg
do-niad *Lia Fail na bferod
's do-níad(h) d'Emhain an fhuinn ghloin
Temhair Cuinn gion gur cubaidh.

8 Gan dul go tegh na ttri bFionn
da ríoghadh ós íath Éirionn
do Thoirrdhealbach fhóid Enaigh
coimdiomdach coig cóigedhaigh.

9 Tairgid cennus cruth geals
ní mholfadh gasradh Ghaoidheal
cur athláoi ar uaim Temhrach
da bhfaghtháoi a-túaidh Toirrdealbach.

10 Techta cloinne Catháoir Mhóir
'na cenn nirb opta an onóir
techta [d']ibh Tail ar thoighecht
cóir techta uman techtaireacht.

11 Enguth Gaoideal guirt Bhanbha
clár Bregh fa fhéin allmurdha
nár do cinnbhile crú cCuinn
neimrighe riú fa Fhremhuinn.

12 On broid-si ar Codhal 's ar Cholt
ni shaoilionn Ráoilionn iad d'furtacht
cobair Ráoilionn na ngort nglan
ní sháoilionn Colt no Codhal.

13 D'feroiph borba ban ccolach
's do mhnáibh mileadh Sacsanach
dar líon clár camchornach Cuinn
Gallchobhlach lán o Lonnainn.

14 Tugadh da mbreith san mBanbha
a mbroinn e(a)lltan allmurdha
gan confaidh ger choin bhorba

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

doim ar n-ónchoin d'ionnarba.
15 Ris a-táid fa bheith a mbroid
Ó Neill Emhna o nach bfagaid
duine ar chéimiondaibh 'na chló
Eiriondaigh uile ag iargnó.
16 Cred fa mbiadh o Dhun Dealgan
go Boinn na mbrugh ccennndeargglan
's o balbhAth Luain go Life
Gallráth uaid nach airgfidhe.
17 Ge lesg leis Gaoideal do ghuin
'na ghabhadhgúais re Galluibh
gnúis chorcra da cceinnfhíar fiodh
do neimhmían gonta Gáoidhiol.
18 Dénta dó dála an leómhain
an rí-si shiol sáoirEoghain
do chosg confaidh láoch Lonndan
fráoch orrtha da n-ionnarbadh.
19 A-ta bethadhach bríoghmur
san domhan toir trachtlíonmur
bord cúain is gormfhoi[th]readh glan
folmhoighter úaidh da uamhan.
20 Uínecorn a ainm bonaidh [135(a)b]
fad laimhe an láoich fheramhail
nach lag *troid ag tabhairt ghon
d'adhairc fhada as a édan.
21 Ní faghtur man bfonn breacgorm
gan úamhan ón uainecorn
bethadhach da bhurba thoir
fughba bethadhac bríoghmhoir.
22 Ni bhen fáoi go bfagur lais
gé bheith sé tuirrsec turais
co mboing mbethadhach da bharr
lethfolach croinn fa ccodlann.
23 Búailis an leomhan lán lúidh
do mhosgladh a fhir iomthnúith
se ar lúaghaill ó bharr go bun
gualainn mun ccrann da crothadh.
24 In t-uínecorn anba an ghoimh
tig fa thúairim an leómhoin
sáthadh neimhmeirbh tre chli an croinn
go mbi a theinnfheidhm 'na tarruing.
25 Od-chí an leómhan lán neimhe
arm cosanta an choillidhe
tresan crann mbarrglas mbreacgorm
marbhus ann an t-úainecorn.
26 A croidhe a (m)broinn a bhíodhba
*tig an leomhan loinnerdha
do buille cruibh da crobhaibh

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

ar nguin bruinne an bhethadhaigh.

27 Mac Néill an leómhan loitmer
is é an crann fa ccomraicter
inis Floinn linngeal leacgorm
Goill fhinnBreagh an t-úainecorn.

28 A-ta ag Sacsuibh náir dh'Ó Neill
súan an úainecorn eiséin
a mbroghaib cláirmhíne clach
sáimhrighe um tolaigh Temhrach.

29 Crathadh am dusgadh Danar
mar so is maith mosg[a]ladh
Toirdhealbhach re torann greadh
cladhfonn gormiúbhradh Goidheal.

30 Rem na cedpeisde um an crann
do-bheirid damhradh dúbhGall
cóir gráin re gercobhnaibh sleagh
a ndáil trencódhnaigh Taillten.

31 Ris Ó Neill go neimh leomhain
a ndlús chatha cuinneomhaid
fál túagh is cranngal gha ccorr
an slúagh allmurrdha a n-athcrann.

32 Feirde an leoman nac lag troid
ni mionn sleighi (?) a ccrann comraic
roimhed a croinn tar an ccoill
dha coimed ar coill comloinn.

33 D'fíodhbaidh Banba ni beg lais
leoman seilge sluaigh Bernais
ar lucht tnúith do caomna í Chuinn
áongha fa ndún a dernuinn.

34 Cía a nEirinn riam do-ríne
lór d'faghail airdrige
gníomh sinnsir í trenNeill thall [136a]
ag beilleim innsedh n-euchdrann

35 Braighdi a-nois do-ni d'ibh Neill
cennus aca ar gach énfréimh
gabhail giall go *gormmúr nIocht
lé Niall d'foghlaibh is d'oirbiort.

36 D'éis Muirchertaigh mic Earca
ríghe le ró aigenta
ris o ndeighNeill bennchláir Bregh
nemhchair do ghlanfhreimh Ghaoidheal.

37 Cennus dáibh ni bret lé báidh
fágbhuis Padraic in priomhfáidh
mac Arploinn an gníomhraidh ghloin
ag dagchloinn fíonmuir Eóghain.

38 Eoghan mac Neill an ba[i]rr bhuig(h)
ó do bháoi bacholl Phádruic
ráite a gcneidh braoingheir a bhuinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a neimh a ccaoimfréimh Conuill.
39 Cennus da shiol ó so a-mach
tig do nimh go Niall Frasach
cioth sruithbhliocht bairrbreac[r] do mhil[a]
airged [’s] cruithneacht re chaithimh.
40 Tugadh ó Fhlann mac Lonáin
d’fuil Eoghain áit uachtaráin
um chlár bhfionn bhrasmoighe Breagh
os cionn gasruidhe Gháoidheal.
41 In chlann-sin Neill na náoi nglas
téid gach ríghe ría cennus
ós féin chomhlannaigh cráoi Cuinn
mur chnáoi corrmhullaigh crobhuing.
42 Mén a sosair ’na senaibh
méin a sen ’na sósaraibh
Síol Neill ag neimhdhion a gcrodh
méin an deighríogh ’na ndioghnaibh.
43 Dár fhás riam ó Gháoidhiol Ghlas
nír fed fine da fheabhus
righe re a bfoghdháoinibh féin
d’fine rodháoinigh rígh-Neill.
44 Céim os Gáoidhealaibh guirt Breagh
do chloinn Neill na náoi ngeimheal
don chloinn-sin Neill is nemhghuth
céim tairrsibh do Thoirrdhealbach.
45 Cóir fúair Ó Neill mhúir Macha
cennus uaibh a (h)Ulltacha
eó fis a finnlinn dhomhain
inghill ris ní rabhabhair.
46 Da bfaghadh í da fhine
Éire ar fedh do fúaighfidhe
leis ó sáoirNeill sith Chodhail
mur crich ccaoimréidh cConchobhair.
47 D’oirbhert riam gé bheith bernach
siol treinNeill ré Toirrdealbach
tre Toirrdealbach tíad a nert
nach oirbhernach íad d’oirbert.
48 Acht ealta ag éigniughadh eó
a ttír Í Neill nert bithbeo
nó tes goile ag goid a sreabh [136b]
gan goid oile gan eigean.
49 Ag so a bfuilngionn flaith Uladh
do recht cláon gan certughadh
breta fileadh fíar ccoille
fár ccineadh fhíal Eógain-ne.
50 Osnamh dáilemh ag dáil chorn
braighdi ag osnaidh a n-íarann
osnamh mor dhoire ó dhonnchnoibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan brón eile ag Eogan(a)choibh.

51 Binne ina [an] dord fíansa ag Fionn
a ttír Í Neill nuall fáoilionn
téda mennchrot ní mhol nech
tar lon a bennchnoc bileach.

52 Slán cháigh go bfrith a bfíodhbaidh
ó ló togha Toirrdhealbaigh
cnú da loighed a leth Cuinn
gan beit 'na huired ubhaill.

53 Lorg éncreiche an bfacaidh fer
ré linn Toirrdealbaigh Thaillten
úain tar bord chaithleithe Cuinn
lorg gach caithcreiche chugainn.

54 Da dhoicheol nach doibinn lais
gáir chatha ag cosnam flathais
bráighde glaccháointe a ngort Gall
'na lucht athcháointi a n-íaronn.

55 Gan d'iomarcaidh ar úa nAirt
ag Conn an anma oirrdhairc
fíor a gcoma ar fonn bFáil
acht dola um Chonn don choroin. Coróin ...

118

Crann seoil na cruinne an chroch naomh
[RIA 1 (23/D/14), 87]
Tadhg Ó Cobhthaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cránn seóil na cruinne an croch náomh
cránn búadha go mbláth bhfíoncháor
a dhuille as coím don cruinne
an buinde croínn chúmhraidhe.

2 Ar ccránd seóil ní seachmaidh dhún
ar n-aineólas dár n-iompúdh
rug slógh na cruinne lé a chois
an buinne do phór Párrthais.

3 Ar n-imtheacht ó thuínd go toínn
do bhí an uile iúl merbhuill
seól risin ccránn gur cuireth
an t-eól ánd do hathruighedh.

4 Crann seóil nach seachmhaidh ar mu[i]r [88]
cránd slánuighthe síl Ádhuimh
brat(h) díona don chruinne a choím
an buinne síodha seólchroinn.

5 An tónn feirge an úair do mhuidh
do bhí an crann-sa a chlann Ádhuimh
dá tháoibh térnabhair ón tuínn
fáoibh 'na énghabhail fhulaing.

Roinn na Séimige, Coll na Tríonóide, TCD

6 Síol Ébha dob foirionn di
long an croinn-sin na cruinni
sínn uile a bádhadh do bhen
duine ó Ádhamh nír hainghedh.
7 Ré cránd seóil sínter ar fedh
corp rígh na n-uile aingeal
dob é sin seól na *luinge
ó bfhuil an t-eól aguinne.
8 Toirrchios Óighe nír fholáir
ór n-ainiúl dár n-iongabháil
an seól muna chuirthí a ccrois
ní fuighthí eól ’na égmais.
9 An toirrches táinic do nimh
fúair ógh d’éinbhreitheir aingil
ní fríoth eól a-nónn ar nemh
’na sheól ós crónn gur cuireadh.
10 Tig aingeal d’fhios gach duine
do nimh cá mó miorbhuile
ar lucht iomramha as-iad soin
ionmhara íad rér n-aghaidh.
11 An lóng-sa a mbíther a-bhus
muir na ngrás as é a heólas
sdiúir na luinge a láimh Mu[i]re
uirre as cóir ar cciontui-ne.
12 Ar a cúan go ccuirther síonn
cathair nimhe ar núa innioll
an cúan long fuil ’gun uile
an mhuir an tónn thrócuire.
13 Neach nach coimhédfa a crann siúil
éigen do dhénamh ainiúil
a n-ám anfaidh nír fholáir
cránn an arthraigh d’iongabháil.
14 Cránn seóil gur sínedh dar luíng
ferg bháoghlach bhúan an ubhaill
fá tónn thuile gan trághadh
ar lóng uile ar iombhádhadh.
15 Achd áonbhliadain do bhuain de
feadh dhá chéd is cúig mhíle [= 5,199]
ar ccránn seóil (do) nár síneadh lais
ar bfhírfher eóil ’nar n-égmu[i]s.
16 A cránd féin mur fríoth dá luíng
d’fhios a fóirne a n-úaimh ifuirnn
do ghlúais le cóir ccoimhdhe cáigh
óighre ar an óigh níor fholáir.
17 Úaimh ifrinn do hairgedh lais
crann ós fiodh d’fhíodhbaidh Párrthais
an uile as búaidh dá bhúadhaibh
do bhúain uile a hanúamhain.*

Roma Ó Gráinge, Col. na Tríonóide, TCD

119

Creach Gaoidheal éag éanduine
[Franciscan Library A25, 111]
[Casbhairdne, Dán Díreach]

1 Creach Gaoidheal ég énduine
sgaoilead d'ég ar nAodhui-ne
siad dá ég gan áiridhe
is tréd iad gan aodhuire.

2 Síol Róigh fan ccrich Chonnlu-sa
ni bhidh re cóir chleamhnosa
do-chuaidh breth shil sheanRosa
le righ fan teach Teamhro-sa.

3 Mag Áonghasa innélaigh
daorbhasa le doinnndeóraibh
dioth riogh fola finnÉimhir
siogh gan chora coinneobaidh.

4 Frioth sgéla on fhod Eamhnu-sa
is fath dénta doilgheasa
do chuir Aodh siol seanRosa
tar ríomh a ccraobh ccoibhnesa.

5 Ni lean rádh in rirolla
re n-ágh ni ghabh ghéirreanna
ni fhuil fáoi ag féin ríBhanna
na náoi ngéill gan gheimheanna.

6 Slan feasda fion caolluinge
tre easgar riogh Raoilinne
ochd láoich a n-uchd úaraille
fa mhaoith re luchd laoidhinge.

7 Fuair bean d'orchra fhoilgheasa
tre Fhear nDorcha donnfrasa
do-chóidh fa chloinn seanRosa
gan roinn in chlair Chonnla-sa.

8 Teamhoir 'na tuinn commbáthoidh
meadhoir gach fuinn ammuchaidh
breath daor ar fonn bfinnFhiachaidh
bud trom le hAodh n-(d)anduthaigh.

9 Géill o Róigh fa roiri[a]ghoil
teid a ndoigh ar deaghfháidhibh
ni sgél ar siol seanEimhir
an síodh do ér d'fhoráilimh.

10 Ní gar aithne d'óiridhibh
aighthe bas 'na mbeóghonoibh
seal d'orchra gach énoirir
ar Fher nDorcha ag deóradhoibh.

11 Do-níad sgol ol inntleachda
da ccor tar bhron mbántochta

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cuimhne ar Aodh nirbh iontugtha
re taobh bhruigne bannntrochta.
12 Máoir Ghall d'íar[r]oidh ainndlighidh
mar riaghoil and ollmhoighidh
breath daor ar fiadh bfionnLughaidh
nar iar Aodh ar foghloidhibh.
13 Sé ar chrich Chuinn lé comhaighthibh [112]
a-rís tar tuinn tabhaighthir
fian Eamhna ni hionaibhthir
fa ndearna ar íath n-anaithnidh.
14 Cóir ag cach da comhíarroidh
'na fáth bróin ag banfháidhibh
beag d'orchra shíl sheinÉimhir
a ttír ortha d'falairimh.
15 La glíadh um cheann ccomhronna
ni dhearg siad a seanlanna
cosg tachoir d'fhoir fhionnBhanna
dóibh do dhathaigh dernanna.
16 Rath Eachaidh fa fhíoranshogh
sgáth ar sleasoibh saorroibher
tug raibhthe d'íath Éiriomhon
t'fían d'aithne in gach aonoilén.
17 A ccor o chlar finnMidhe
in mar so a-tá an tairngire
buain t'orchra d'fhuil Rugraidhe
do luigh ortha d'ainbhfine.
18 Teachd ribh fan ccrich Chonnlai-sin
do-bhir grís tre ghealbhosaibh
oile a n-úir fhear n-imriosoin
gan chlúimh fan teagh Teamhro-soin.
19 Fúair námha um Bóinn mbinnénaigh
cóig cána dod commáoinibh
tug th'fhala um iath fhinnÉimhir
fian chabha dod commáoidhimh.
20 An fonn Ír-si ag ainbhfine
'na dhírghe a ccronn chumhruidhe
cóig géill ar chraoi Chonnlai-ne
dot cháoi mar fhréimh Rughroidhe.
21 Siad dot éis san umhlai-sin
nach tíad géill a gealghlasaibh
ni bhaidh neart fear n-imriosain
do reachd fan tteagh tTeamhra-sain.
22 Géill tre fhogra n-ainneónaigh
da mbein d'Fhodla fondfhaoilidh
teacht ribh fa ráth bhfinnÉimhir
nir dhligh cach a commáoidhimh.
23 Clár Té ag teacht led tiomnu-sa
is reachd don fhein Eamhno-sa

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

síoth re cach do cheanglois-[s]ea
is tráth do shiol sheanRosa.
24 Gan reic nirbh áil t'orchra-sa
do-choidh tar cheilt bfoilcheasa
tuirsi mhna fhir th'iomthu-sa
ní as-tigh [a-tá] an toirrcheas-sa.
25 A suirdhe d'fhóir fhionnUladh [113]
ní chuimhnigh Bhoinn binniodhan
nar an tú ag cóir choilligeadh (?)
ar chrú Roigh do-rinniobhar.
26 Tug sibh an clar Connla-sa
fa rádh fhir an aimhleasa
coig rolla shíl seanRosa
tríbh gan orra n-áighneasa.
27 Fían Doire le doinnndeoraibh
cíall toirrsi 'na ttromfháoidhibh
sgribhne riogh fhuinn finnÉimhir
ag síol cCuinn dod commáoidhimh.
28 Brón órtha um fháoidh n-énloithe
dar sgaoil t'orchra t'fianlaithi
fath deór fúighle fírbheic[h]e
ag cúimhne ar ghleódh ngríanlaithi.
29 Snoighid clocha on coimhling-si
moighid srotha seingmhillsi
tonn tre Aod nacharbh ionloingsi
nir shaor an fond Feidhlim-si.
30 F(f)eadh féirge chúain cheoshrothaigh
ní feirde uaim aoneathair
tug Aodh fa íath righEochaidh
fiar na ccráobh a ccaoildethaigh.
31 D'éis chuingidh chlair sheinEnna
tráigh 'na cuisnibh comhfhúara
aibhne um Búais nar bháranna
do gluais dáirghe dobúana.
32 Siol Róigh gan múr Muiredhaigh
róid 'na cclumh do comhfhoiligh
dirge chraobh fhoid Fheradhaigh
'na chlaon a ccoig conairibh.
33 Cach uile 'na n-uirríodhaibh
'na thuirsi ar thrágh ttonnfháoilidh
breath daor ar fonn bhfhinnEimhir
tonn fan ccaol da commaoidimh.
34 Sriobh nach faghair infhéchaidh
d'fhior a faraimh foighénoidh
doigh dhí ni budh doidhenaimh
Bóin[n] is i 'na hoilenoibh.
35 Tug a bhoing dh'íath finnEimhir
nach bía coill 'na camánaibh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

sál os chairt[h]e cuinneobhaidh
fádh gan aithne a n-annálaib[h].
36 Cnúas feadh san íath Eirni-sea
ni íar[r] fer a bhfírmheasa
cuimhne mhaor Meig Aonghusa
ag géig tar raon righleasa.
37 Báthadh ceirt clair seanMhacha [114]
do-bheir tráigh gan tiormshrotha
na righ nach iar ainbhretha
fa íath nÍr is (í) ionghotha.
38 Le loidhe chall cédtamhan
oirir Ghall do ghnáithtileadh
Banba Chuind da chúitiughadh
fuind fhalmha do áitigheadh.
39 Do brígh a dér ndénmhusa
nar fhéch sí na síthgheasa
nir sháor mhnáoi ar Mhág Aonghusa
a cháoi fa rod ríghleasa.
40 Fond Ír gan ghoil ghúallasaidh
do-ní muir do mhíneasoibh
lor d'fhís fan n-íath Énnai-sin
tríath a-rís 'na ríleasoibh.

120

Créacht gan leigheas lot Cruachan
[RIA 540 (C/iv/1), 176r]
Tomás Ó hUiginn cecinit
Dated to 1643 in final qt
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Créchd gan leighios lot Crúachan
teidhm da ttáinig díothrúathar
da roineimh gan chládh ó a ceas
doiligh lámh ina leighios.
2 Do-chúaidh a ccainnsior a-stoigh
goin tinn an ticne báoghluigh
sláinte mar sein ni dóigh dhi
don neimh do-chóidh 'na croidhe.
3 As easgar a mbél bhearna
crécht cainnsir clódh cinneamhna
no neimh áir núatuirsi a-nochd
táir an Chrúachuin-si Connachd.
4 Do lagadh loinne a brotha
tárruidh úathbhás n-égrotha
a slóighfhine ag égnach air
d'égcruth cróilighe a cúmpair.
5 Gidh mór lén do loit isi
da sníomh le sáoth n-aingceisi

Roinn na Gaeilge, Scoil na Tríonóide, TCD

a síorfpudhar fa sáimh dhi
go críochnughadh áir uirthe.

6 Ní ’na n-ám do Chrúachuin Chuinn
bás Fhéilim mac Meic Dubhghuill
láoich ghríbhfhearrdha fá gnáth seadh
a ttráth gnímhfheadhma Gáoidhiol.

7 Ní nár dhí dul as a cruth
Crúacha Chuinn na cceas ndocrach
a nglíaidh dá glé gan doirche
fa hé líaigh a leasoighthe.

8 Readhg tinn do tholl a croidhe
lot gan leighios n-eólchaire
creidhim as cás dá teasgadh
bás Fhéilim a héineasgar.

9 A tiomna as dénta dhi-si
beag dá hanáil innti-si
an úair-si le tol teadhma
fúair-si cor na cinneamhna.

10 Ní féidir a furtochd sin
do chaill sí seadh a gaisgidh
a coimheagar ní díon di
don roileagadh fíor fúair-si.

11 Ní guth do Chrúachain chladhuigh
a cnáoi dhá chrécht ndocamhuil
Gáoidheal do chráidh a croidhe
áoinfhear áir a heólchaire.

12 D’aimhdheóin Ghall na ngníomh bfrithir
líaigh ó a bfúair-si fóirithin
a senChrúacuin fá tuir thrén
leathbhúachail cruidh a chaithfhrém.

13 Mur cháoir bhruithnigh or bhrúchd goil
do bhíodh ar bearntaibh báoghail
ag súr comha ag corcradh sleagh
ag dortadh fola féinneadh.

14 Mar loinne an leómhain bhuidhe
mar Aichil da hionghuire
caithmhílidh gan ghuth a ngal
do aithmhínigh bruth biodhbhadh.

15 Creachóir Dhanar deargadh lann
seabhac lonn ag lot eachdronn
áoibhiol dab infheadhma rath
sáoirfher cridhfhearrdha cosgrach.

16 A n-ám seasda fá sail bhuinn [176v]
clíathuighe chloinne Dubhghuill
gríobh sáorchúanna nar shén rath
láochbhúanna trén san treaschath.

17 A ceann rúag don dara ruit
do-bheireadh sidhe seabhuic

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

lé háongha lé húathadh slúaigh
ag cáomhna Crúachan cladhfhúair.
18 A-tá mar chréchd Chrúachan Áoi
sgél lionmhur far leath dércháoi
feadh glíadh an fhíoroirir áigh
ar griobhoighir d'fíadh Almáin.
19 Tángadar thrá tuirthe glíadh
d'eachdrannuibh threibhe Tuirrían
fonn síothbhláithgheal nar thuill tár
do dhíothláithreadh fhuinn Almán.
20 Ní fhéchadh d'úathadh feaghna
oighir Almáin oireaghdha
ó thol gan tráigh dá ccomach
do chor áir na n-allmharrach.
21 Gach bráthghoimh dá mbíoth 'na cionn
gach gúais gach gábhadh coitchenn
'na ré dá raithgheall docra
fá hé a ccaithceann cosanta.
22 Dá chonfadh a ccenn Danar
nir chronaigh a chrechtnughadh
súil lé síorchur a mbáire
dá ndíothchar d'úir Almháine.
23 An Almáin gerbh ordhairc sonn
d'ég a hoighir re leatróm
re bél cabhra dá cosgar
sén gan tarbha tárrthosdair.
24 Tainic dall cíach ós a cionn
do leath a turbhuidh tímchioll
táir cneasgoin thinn a tréda
d'easbhuigh cinn a coimhéda.
25 Goill Chrúachan na ccaithchleas ndían
láoich dhanardha treabh tTuirrian
créidhim dhoiligh na dáimhe
Féilím oighir Almháinne.
26 Olc an t-ám do thuit a ttres
a n-ám a lot do leigheas
núachar da foighéguibh féin
coimhéduigh Crúachan chloidhréigh.
27 Nir airigh áladh domhuin
dá bfuair sí a sáoth docamhail
'na béd búdh créidhim do chách
go hég d'Féilim a n-antráth.
28 Lé bithneimh ní ghabhadh gráin
dá díon mar oighir Almáin
ar gach doghruing thiar as toir
a ngrían chomhluinn do chosuin.
29 Bioth ar a son féin feasda
do chaill fear a fírsheasda

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

madhmanna a mhíanuigh do dhligh
d'fíaghain glanrolla an ghaisgidh.
Ní nár ó a-né gus a-niogh
mar tá Crúacha dá cháoineadh
do chaill sí seadh a hágha
as í an bhean gan bharána.
Caoinfidh fós a bfad a-nonn
go fóill ní léir a leatrom
níos foide ag faisgin deacra
oide an ghaisgidh Gháoidhealta.
[C]ía an dúil dá dhaingne croidhe
caidhe an sbiorad sbéiridhe
cía an foghluigh frómhtha láimh linn
náchar chráidh orchra Fhéilim.
Ní lugha lén na leanb mbáoth
mó 's a chách ceas a bfíorlaoch
líonmhar gan tuilg a ttuirsi
fiorbhun uird na heaguilse.
Mar táid ó theadhmuibh docra
síabhradh na ndúl ndomhanta
a-tá ó dhligheadh drúagh na ndrécht
mo chineadh úadh fa éinchrécht. Cré ...
Trí blíaghna cethrachad cruinn
áois Criosd se chéd dég dearbhuim
do Chrúachuin cheibhfhinn cás dhi
ar mbás d'Féilim san uair-se. [date 1643]*

121

Créad an t-uamhan-so ar fhéin Ghall?
[O'Conor Don, 291b]
Domhnall mac Dáire Mhic Bruaidedha
[Deibhí, Dán Díreach]

Créd an t-uamhan-so ar fhéin Gall
d'éis cosnuimh criche Fréumhonn
fan bféin síth ttiormslúaighigh ttigh
do-cím iomlúaigil éigin.
Ní bhíd lá gan lucht bfeithme
meince ag cách a cruinneighthe
gasradh fhionn greadhúaibhreac Gall
nemhsuaimhneach liom a labrann.
A-táid fós más fíor linne
a ccuan chathrach Doiblinne
foirne lúat[h]a long luchtmur
a-nonn úatha ag iomluchtadh.
An tasg ríogh nó an rabadh slúaigh [292a]
thug an láochradh lán d'anbhúain
d'íath glainMhidhe do bhí a mbroid

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nó an (n)í an tairrngire tánoig.
5 Do geallsat fáidhe fada ó shoins
sgrios cniochtGhall criche Fionntain
maidm ré sáorcat[h] slúaigh Ghaoidhiol
uaim a n-aolchlach d'atsgáoiliodh.
6 Aithni(ghi)m nach d'áonfhath oile
na Goill-si ghuirt Láoghoire
treigter leó senchlacha a sen
acht gleó mearcatha Maisden.
7 Cía as gúais leó do chor 'na ccenn
ó táid ríoghradh fhoid Eirionn
dar leinn 'na n-íarluibh úmhla
don dreim iarnaigh allmhurdha.
8 Fachuin ghuaise Ghall tTemhrach
mac ríogh ó tTáil Torrdealbach
dar mhesamair fád na bFionn
fa ttád esurraid[h] Eirionn.
9 Furtacht Banbha na mbrug ccorr
búaidhredh síodha shlúagh echtronn
gá ttá mé dhó fa dheiredh
ag so an té dar tairrngeiredh.
10 Ar chath Saxan na slúagh ttiugh
as é mháoidhid mic Mhiledh
ursa ghaisgidh chlann cCóbhthaigh
thall a Maisdin mhiontulchaigh.
11 Íadhfaid(h) leis ní láochradh mhion
clanna ríogh na ccóig ccóigiodh
láoich thogha as trén a n[d]ecroibh
én ortha as gach énealtoin.
12 Fir chodlus a ccichibh slíabh
ní fhédfuid Goill ghuirt Maicníadh
lucht na múr ccnesáolta ccorr
rún a n-esáonta d'fulong.
13 Ogbaid mhenmnach mhic Donnchaid
mór leó ar leigsiod d'allmurr(a)chaibh
d'íath mionshlatghlan Mogha Néid
síodhmhacradh Logha a leithéid.
14 Dáilfider cuilg cháor nimhe
ferfuid frasa teinntighe
da mbróin crannrúaidh cháoilslegh sen
ag máoidhemh ghlanslúaigh Ghaoidel.
15 Ógbaidh oile a haithghin sin
fa mac ríogh don fréimh Mhuimhnigh
fer robhaidh ann nirbh egail
d'foghail Ghall do ghlúaisiodur.
16 Fían Lochlann nar loc iomghoin
lionuid Éirinn imiolghloin
clár tonnbhán tholchadh na bFionn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tromdhámh tar dromcladh dílionn.
17 Do bhí treimsi mur a-ta [a-]niugh
trén aca ar ógbaidh Gháoidhiol
lerga túir bráonchláir Bhanbha
fán láochdháimh n[d]úir ndanardha.
18 Ni bhidís Goill na ccolg tte
na Dáil cCais na ccolg síthe
seal ré chéile acht a ccogad [292b]
Éire as-tegh go ttugadur.
19 Do snaidm síad d'éis gach éigin
Mathgamuin mac Cinneidigh
is clann réidh trealamhcon[n] Táil
re féin senLochlann siotcháin.
20 Brían mac Cinneidigh cruth sáor
an úair-si as é 'na macáomh
ní fríoth d'áontoil ré fhine
síoth nir áontoigh d'ainbfine.
21 Do-níad certroinn clann tSádhba
ann-séin ar síoth Mathgamna
fa Brían nár mhóidlíonmur mionn
do íadh oigrioghradh Éirionn.
22 Do bhíodh seal ar sliabh cClaire
Brían 'sa chédlucht combáidhe
seal ag Máidh ttiormcoiltigh ttais
dháibh 's ag fionnchoilltibh Fhorgais.
23 Gasradh óg na n-arm bfoirfe
nír chlecht síad seal áonoidhche
gan éucht Ghoill na goradh lis
dho thoill an foghal d'aithris.
24 Gur díbredh leis láochradh Ghall
mur sin dó díocra an fulang
nir chuir Brían céil 'na chenoibh
go béin geill do Ghaoidhealaibh.
25 Tarla dhóibh ina dhíaigh sin
sgrios Dhál cCais tar chúan Luimnigh
ó *Chlíach gealtolchaidh mín máil
a ttír d'echtronn(a)chaibh d'fagbháil.
26 Do ghiall do ghallaibh Banbha
íarla ó cCais cló Mathghamhna
gan a-nú acht íarlocht 'gan fhior
agar dhú gríanghort Gáoidhiol.
27 Tú a Thorrdealbaig [a] taobh seng
sháoilid cách d'fhurtocht Éirenn
búdh tú seinBrían chlann cCóbhthaigh
neimríar Ghall ad ghníomharthaibh.
28 Dlighter dháoibh dhénamh fághla
do chosnamh chláir ríoghBhanbha
dlighter crúaidhleaptha chíogh Gall

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

is síon fhúairsnechta d'fhulang.
29 Tosach fáolchon mur fuair sionn
bhíos ar ardfhlaithius Éirionn
crioch náomhdha na neimhiodh ccáoin
is deiriodh máordha macáoimh.
30 Gnáth 'na thós creacha is cogtha
ag sin di an dealbh fháolchonta
an righe an tann fá ttilter
a mini as ann aithinter.
31 Cennus Eirionn an fheóir náoi
da réir sin as edh géubhtháoi
bíaidh Banbha Cuinn fad comhthaibh
do druim t'fhaghla ar allmurr(a)chaibh.
32 Gur fhás tusa túar cumhaidh
a mhic na mná ó ríghLondain
a mná féin do thoghail a Tráoi[s]
Danair da leim ní lamhtháoi.
33 Baisiliosgas péisd nimhe [293a]
bhios a n-íat[h]aibh airidhe
mar budh sí ní slim a nimh
gach ní ara sill da súilibh.
34 Da lucht seilge as é as erradh
glainbeirte ar na ghliúchengal
nach léir an láochraidh asda
do mháothghloin shéimh sholasda.
35 A nimh d'filledh uirrthi féin
as é as bás don beisd aigmhéil
ó'd(o)-chi a sgáth sa ghloin(e) guirm-si
ag soin fáth na f(h)oghairsi.
36 Tusa féin fer na seilge
Goill Bhreg beisd na díbheirge
séimhe na gloine ad grúaidh *gil
a[g] buain goimhe as a ngúisibh.
37 Dealradh Gall ad grúaidh corcra
o'd-chíd féin fáth gúasachta
tig da nim féin a bfhoghail
ag sin ceill a ccúalabhair.
38 Gé a-ta ar Gallaibh na ngreadh seng
táisg cruais ag cosnamh Éireann
sás a snoidhe ag slúagh Caisil
oide don crúadh cedna-sin.
39 Úa na nÍarla(dh) ó ráth Durlais
úa an Íarla ón Mháigh moghanglais
úa ríoghBhúrcach na ríar ttrom
ó fhiadh miondruchtach Manann.
40 Úa Catháoir Mhóir fa mín dreach
úa Dhál cCais na ccolg néimhnec
úa Éimhir an fhuinn sgathaigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

úa Cuinn cheillidh Chédcathaig.
41 Ua na ttriocha ríogh rathmur
dar geill Banbha braondhathglan
da bpórábhluibh féin na fir
do fréimh orarmoigh Éimhir.
42 Dó a-táid ag túar na ríghe
bláth fedh as fáoidh deighshíne
máighre ar srothaibh ag snamh lé
budh lán fochain gach fionncré. Créd ...

122

Créad do luaimhnighe, a Leath Chuinn?
[RIA 739 (24/P/9), 205]
Maolmhuire Ó hUiginn
[Deibhí, Dán Díreach]

1 [Créa]d do luaimhnighe a Leith Cuinn
gu(i)ais do mhes mur mnáoi *edruim
g[idh] nach úaimhneach (a) úaibh-si inn
lúaimhneach an uair-si th'inntinn.
2 [Ca]idhe an chúis bheadhgtha do bhrost
an lí luaimhneach-sa ar h'éugcoscc
[...]á a ttuinn éidche re hathaidh
at s[h]éidche Cuinn Chéudchathaigh.
3 [Cai]dhe an fáth fionntar linne
do bhrost ioghlann h'indtinne
a ráith mhín *shiormuaimhneach thiugh
do-chím iom[l]úaimhneach h'aigneadh.
4 Do-chím gach re seal sunna
thú ad mhnáoi eidir eatarra
a fhonnbhán na máoillios tiugh
lomnán d'áoibhnios is d'imniudh.
5 Do-chím meirtnighe mná cumhadhs
libh is áines ionchuradh
aigneadh nach leanbdha a Leth Cuinn
fá seach is menma mherbhuill.
6 Áoibh an ghái re is grúamdhacht ghuil
do-chím a n-áonló ad th'adhaigh
ón dá bháoithréim do bhen sibh
níad ben ar áoinchéill idir.
7 "A dhuine cheisios mo chruth
iongnadh úaibh másad eólach
fár chuir sibh a n-umhail inn
libh más cumhain mo chréidhim."
8 "Dhaoibh is urus a aithne
orm-sa a fhir mo mhachtnaighthe
tar bláth mo *thiormbhárr ttoraigh
fáth ar n-ioghlann n-éugsamail."

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

9 “Leighios tur cá tiugh gábhaidh
tárthur liom om lennánaibh
an tráth fa suaimhnighe sinn
fáth úaimhnighe dom inntinn.”
10 “A ccuir tú a n-iongnadh óirne
libh pféin fáth a athdhoilghe
mo bhárr luit ó chlanna[ibh] Cuinn
an álr duit dá nochtuinn.”sa
11 “Aicme Chuinn léur cailgeadh me
dob íad mo lennáin luidhe
fine re ndeachtda mo dháil
slighe ar legtha mo lennáin.”
12 “Gach lennán léur luidh misi
níor an re hearr mh’einmhi-si
an fer ’garbh oide dhiobh dhamh
ben bhroide dhiom(h) go ndernadh.”
13 “Iongnadh nach aithnigh(enn) tusa [206]
’sa ttúr tú dom eólus[-s]a
a fhir chomhdha do char mh’fios
mo dhá chor d’orchra is d’áinios.”
14 “Geall ’s gach lennán dar loit sinn
tártha mé móide ar n-inntinn
rug mo thuirsi a ttuinn thathaimh
don fhuil-si Chuinn Céudch[athaigh].”
15 “Donnchadh mac Domhnaill Eanaigh
leigheas ar luit dhéighenaigh
fa bhláth cnúais chathshlechta Cuinn
gúais an athleagtha oruinn.”
16 “Méud mo luinne ón ló ro-m togh
méud mh’imshniomha d’eagla dho-sans
dhá rian do mhesg mo mheabhair
ciall na ccest do chuireabhair.”
17 “Mo cheól clúaisi rinn mo ruisg
gnúis lé lasfadh lí mh’éugcuiscc
cenn an tslúaigh ó Ghulbuin Ghuirt
a Lunnduin uaim do(m)-abhuilt(tttt).”
18 “Ionann galar dhamh-sa is duit
a lárthach luighe Cormuic
fer ar n-áontogha do chlárr Cuinns
adhbhar na háontogha eadruinn.”s
19 “Fogus duinn dul a gcions
tiucfa táirsiomh d’imneadhs
geall bhus dú ’na ndolaidhs
an-ú iom chenn ó gConchobhair.”
20 “Don nimh is nesa sláinte
gar dhuinn dermad mífháilte
dár *n-osnamhaibh is uair sguir
fa sdúaigh chosnamhaigh Choghuil.”

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

21 A lé(i)th Cuinn na ccíoch ccneadhach
dermad h'aigneadh imneadhach
d'aithle dhúaigh do *cheidsheal ngraidh
léigidh a húain re t'anáil.

22 Ó Conchobhair chúain (t)Shligigh
luibh leighis le n-ainigin
a rún na ccéideadh ccorrach
dhún ór n-éigen ioghlonnach.

23 Leighes a mhac(a) sámhla sin
tártha Tisis ó Aicil
dár fhóillsigh dhó a brechta báidh
a ló a thechta as an tesáil.

24 Mac do Thisis nár thim stair
inneóin an ghaisgidh Gréugaigh
[sli]ghe iuil gacha hinnsi
stiúir dha fhine an t-Aicil-si.

25 [Lui]d d'fhoghluim aidhmeadh nimhe [207]
go húaimh Chíoróin Chruitire
an sdúaigh 'na roimhenma on réim
fán úaimh dhoigheardha dhroibhéil.

26 [An fho]gluim gur heagradh leis
lán do bhroid do bhí Tisis
gan fhúarradh fa hoighre Péil
d'úamhan gach doilghe dhóséin.

27 T[ar]rtthaidh Tisis 'na dheaghaidh
lúach a haignigh imneadhaigh
ar n-aithne thaistil 's gach treibh
ar bhfaicsin aighthe Aichil.

28 Aicil céudna chloinne Cuinn
a-niú Donnchadh mhac Domhnuill
gnúis róiréidh *do-gheibh garma
feadh gach oiléin allmurrda.

29 A Le(i)th Cuinn-si is cáomh seise
cosmhuil thu 'sa[n] (is) Tisis-[s]i
fa sgís gen aithne *hír-si
ar-ís d'aithle h'Aicil-si.

30 A-nois musguil do mhenma
sgíamhaigh do sgeimh dhoigherrdha
do ghríb ghlaicghil feil aghair
h'Aic(h)il féin o fúarabhair.

31 Na cuimhne[igh] ar chréim nDálaigh
dhá *bfriot- libh od lennánaibh
dot chíaigh ní dénta dalaidh (?)
liaigh do chreucht[a] Ó Conchobhair.

32 Na fóbair beadhgtha broide
leigheósaigh laoch búannaide
gach bern[a] a ccneidh dot chnedhaibh
gach nimh *theadhma fúarabhair.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

33 Budh libh a los do dheacra
ar-ís d'eagla h'aithleagtha
aisgidh bhús dealraighthe dhuibh
faicsin dealbhaighthe Donnchaidh.
34 Úa fíre Cathail chreachaigh
úa an dá Bhrían o Bhreiffneachaibh
úa gealChonuill nar fhéud d'fhior
geug do mercrobhuing Mhíleadh.
35 Leigheas dioghuinn gach *docra
fráoch nimhe dhúl ndoin[n]eanta
bláth géige is nemhthacha *a-muigh
féige gealchatha Gaoideal.
36 Eo Múaighe na maighre seng [208]
breac linne locha hAillean
grían ós linneóir Lacha Con
inneóin chatha na Crúachon.
37 Faol cáomhanta chóige sreing
tonn d'fhionfhuil fhola Feilim
búaidh gach rímhfhéughthe[r] reimhe
ríghréult(h)a shluaigh Sligigh[e].
38 Donnchadh Ó Conchobhair Cuilt
teallach ar n-éigsi d'adhaint
cosg dainmhe dár n-ionradh[r] é
foighreadh[r] *gaoi ainmhe a h-uirchre.[x]
39 Ár h'oghacht a Ógh na mbocht
sirim sin 'sar [do] dhíaghacht
ar ccáomhna [ar] an cruinne cé
a Mhuire as naomhtha náoimhchré. Creud ...
40 Banbha fhíor fhola h'earca
ingen íarrla an Túaigcerta
sdúaigh shengAcla chéimthe cuir
féithle cengalta ar ccadaigh.
41 Méin bhanda is ríaghlach do rath
cáor d'fhíonfhuil fhola hEathach
coscc orchra or fheidhminnleadh cuing
Sorcha réidhinghen Raghnuill.
42 Téigheadh na soighnén seirce
gris gairte a gruadh n-innillte
éneóchair ronúa don rath
banúa thrénEochaidh Temhrach. Cred ...

123

Créad é an luadh-sa ar Loch nGlinne?
[RIA 744 (A/v/2) 'Dillon Duanaire', 13b]
Lochloind mac Taidhg Ui Dhaluigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Créud é an lúadh-sa ar Loch nGlinde

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

samhuil d’áoibhnios aislinge
toithim anma an inbhir ghloin
um adhbha bfinnghil bFíachaidh.

2 Iomdha loch as lía sochair
iomdha ar-oile d’fhionnshrot[h]aibh
’mun gcrích slim ttoinngheilte ttigh
’gár shín[r] d’oirrdheirce uaisdibh.

3 Iomdha críoch ’na gcluin mise
luadh ar an Loch nGlinde-si
a slighthibh déanaidh duan nghlan
’sa mbéulaibh suadh is seanchadh.

4 G[.....] a tteid duine
don chuid-si d’iath Iughaine
[...] anfhorais caigh do-chluin
don ráith ghlansholais [.....].

5 Ni he toirthaigh(th)e a trácht slim
ní tairthe [a] tholach n-aoibhinn
na [a] fiodhbhaidh fáth a hio[mrá?]idh
an rath f[h]iondhghloin(n) aigheadhbhláith.

6 Cúis iomraidh as uille i-nás
fúair an tréimhsi a-tá Lúcás
san treibh náoi cai[th?]lionmhuir [cuir?]
[feibh?] a mhaithghniomhraidh mhórthuir.

7 On aimsir fuair o thosaigh
ca[.....]raigh
um chrich nEachaidh an [air?]m chuirr
leathaid[h] a am[r] ar amhuill.

8 Féch libh an adhbhar iomráidh
don treibh fhairsingh oirerbhláith
gach aoinfhile ag tríall don tigh
dáoinidhe a rían ’ga rochtain.

9 Eoin bhinne um bhruachaibh an lis
proigeapt clíar as cúis áinis
benne slacsháor siodhbhan ngeal
gníomhradh mac(h)áomh is míleadh.

10 Dream a ceardcha (?) cleas ngoile
dream os f[h]oirinn órdhaidhe
buidhean mherdha ag graifne a ngreadh
faighthe ón eachra gur hoireadh.

11 A longphort Lúcais Díolmhain
meinic cumhgha ar chai[.....]
a ttig inn d’íathaibh oile
d’iarraidh an fhinn eaccnaidhe.

12 Meinic fa mílidh Cuircneach
go tté[i]d cach ’na ccod(h)uilteach
dirim fhathfholtach ol fleadh
is glór fathfhoclach fileadh.

13 Dá mbeith ’na hoirshliabh fhasaigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

go riacht sí an Sior Lúcás-sain
treabh chonáigh go lí leithghil
si le a anáir uaislighthir.
14 Ionad da ghairbhe um ghort Floinn
mar fhocluid ughdair romhuinn
tus raith anair don ionadh
flaith d'fhagháil dá aitioghadh.
15 Longphoirt chatharrdha chríoch bhFáil
mar so ar tus fuairsiot(h) onáir
puirt rochadhais na riogh sean
flatharais diobh do dheineamh.
16 Tea mhiolla *buime an fhleadhoil [14a]
bean rígh Eireann Eireamhoin
a mBreaghaibh mar do bhí sin
Teamhair as í do uaisligh.
17 Gur ait(h)igh airdrí(gh) Connacht
Cruacha na n-arm n-iodhannocht
gér chubhaidh tairm ar theach sreing
n[i]or leath a ainm fa Eirinn.
18 Néd is Macha o mhuigh Lighean
uatha ar-aon do hainmnigheadh
dá dhiondráith le mberair breath
Eamhain fhiondbhláith is Oileach.
19 Gur urmuis áirdrí(gh) Laighean
ar Nás na mbrogh mballaigheal
ní bhíodh meas oirrdhearcais air
um lios ttoinghealtais tTuathail.
20 Áitigteóir na bfonn bhfasaigh
mur so as [s]e [an] Sior Lú[cás-s]oin
do chuir uaisle as fiadhnach me
[.....] ar ghrianloch nGlinde.
21 Sior Lúcás na lann mbriochtshnai[s]
[.....] tús oirrdhearcais
mur sreabhallghlan na sroth (tan) [dte]
[loch.....]ionnmhar nGlinde.
22 Mac flatha Chille Coinnigh
bés d[á...] g[...]s mur ghrianloinnir
teagair is caitheamh a chruidh
eagar flaitheadh 'mun bhfhuilngidh.
23 A ndeoigh a ndenann [....óir]
do bhuidhnibh phuirt Pharthaloin
[..]rrus gan tacha [...] a theagh
[g?]urbherus flatha an foirgneamh.
24 Ni mhaoidhiond m[éd?] a chaithmhe
[...] dlus a dhearlaigthe
dha méd do sgaoil a ghlac gheal
dar lat a dha thaoibh tairchear.
25 Fuil Dhiuideach is cru Cuircneac[h]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

[ór?] fhás an t-og armfhuilteach
ag coimhfhiuchadh ’na ghne ghil
se d’foileachadh nach eidir.

26 Mac soibhesach Sior Theabóid
fear coimhed chreach roileagfhoid
gnúis shithe cait[h]gleoid[h] do chur
caithmheoir criche ’sa chosnamh.

27 Mac Eilinor abhra leasg
sas teagmhála do thoirmeasg
neimdhriuch as mire meanma
cridhe neimhnioch nat[h]ardha.

28 Deithfir brondaidh briathar mhall
gealladh dan goire comhall
airrghe an léidmhigh lan d’ana
lamh nach éignidh easgcara.[x?]

29 Ainm do Mhuire mhoide ar mbriogh
maighdean (an) mathair [an] Ardriogh
maoidhfidher linn & lé
d’aoinchineadh inn ’sa huirchre. Creud ...

124

Créad fá seachnaim síol Aodha?
[RIA 784 (23/G/9), 1a]
Domhnoll Ó Maolchonaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Créd fá seachnaim síol Aodha
síol frisarbh f[h]err iontaobha
siol fíneamhna is trom tora[i]dh
ríghealbha a fonn f(h)ionnAdhair.

2 Síol sin is uaisle ná an t-ór
síol Aodha is truime tionól
siol na ríogh ó Cheann Choradh
síol na cceall do chothúghadh.

3 Filleadh orra ní leasg leam
d’éis mo chuarta air f[h]edh Éireann
cóir toighiocht ’na ccoinne céim
ó oighreacht chloinne Coiléin.

4 A ndearrmad ní dhlíghim féin
do-gheibhim ó chloinn Choiléin
a n-ám cómhóla is caithmhe
barr onóra is órduighthe.

5 A-tá m’ferann fós fúthaibh
mé aca ní handúth(ch)aigh
seanádhba(dh) nách cóir do choill
róimh na healadhna an Árdchoill.

6 Don Mhumhain [do] ghabh[s]a(i)d greim
deighshliocht Luighdhioch Menn mhéirsheing

Roinn na Gaeilge, Coláiste Tríonóide, TCD

ar ccur cúil ré mín Mumhan
do thnúth ré tír Tuadhmhumhan.

7 Leo Port Láirge is Luimneach Luirc
is Caisiol na ccraobh n-orrdairc
sealbh an fhuinn ag clannaibh Cais
a-nallainn do dhruim dúthchais.

8 Fá leó múr Cliach is Cláire
is Dún eochair fhionnMháighe
*fa fonn mhín im linn Luimnigh
gur fhill don tír Tuaidhmhuimhnigh.

9 Ceithre mic maithe ag mac Con
Síoda Cám, Séa[a]n séaghmar,
Cu(í) Mheadha, Donchadh dealbhdha
torcha(i)r feadha fíneamhna.

10 Sliocht Shíoda Chaim ón Ros ruaidh
sliocht airar lia mná is marcshluagh
laoich neamhchumhga ar thaille in tuir
c(h)eathramhna aille in Iobhair.

11 Sliocht Cho(i)n Méadha mór a mbrígh
ríoghraidh réidh Rátha Laithín
(i)s laochradh bhenn Bhaile an tSléibhe
dream gan aire air aimhréidhe.

12 Sliocht Donchaidh an ghuirm(á)gha ghéir
laochraidh Bhéil Átha hOighnéin
*ní clú a n-aisgidh fuair soin
buaidh ngaisgidh ar in laochraidh.

13 Sliocht tSeaáin mhóir mhic mic Con
san lorg díreach linn leantur
coill chnuasaigh gan chéim ccoire
suas san réim ríoghraidhe.

14 Tús is deiridh a n-am áigh
a-tá ag síol Aodha d'úrláimh
caorshluagh [treoin?] budh buaine brígh
is guaille eoil gach áirdrigh.

15 Cas mhic Conaill na ccolg síth
athair Bhloid chródha is Chaisín
beag 'gá ttéid im chlaon aicme
dá ghéig chumhra chlannmhaicne.

16 Fine Bhloid go teacht dá ttír
do-níd fál do chloinn Chaisín
bheith fá ccoim(h) dóibh is daingne
sló[i]gh nár choill a ccómhairge.

17 Beith riú go héadmar ní háil
sliocht Bhloid is seintsliocht tSeaáin
do-dhén féin d'uaim ré ar-oile
da dhuain don réim ríoghraighe.

18 Mac Con Mara nár mhuigh mhionn
a shlán fá uaislibh Éirionn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

aonúmhla d’aon acht d’úa Bhriain
ríogha[r] is flaitheamhla[r] a finnChlia[i]ch.
19 D’éis buadha do bhreith a ttroid [2a]
a mbreith féin is ann iarraid
go ttriallaid a cceann chosgair
ní iarraid teann tuarusdail.
20 An ghasradh ghreadhach ghrádhach
chupach chórnach chupánach
tromdhámhach *torthach as-tigh
cómhdhalach caithfeach coibhsigh.
21 Tiaghaid uime a-niar ’s a-noir
síol Aodha an aigne uasail
fiú an fhocail d’iomrádh ní háil
acht binnghlór socair Sheaáin.
22 Críoch iona lia mil is meas
críoch ionar mó gach maitheas
críoch (io)’nar lia do bhuaibh bleachta
is (io)’na lia *cruacha cruithneachta.
23 Críoch easach innseach éarach
críoch chruithgheal chaomh chaisléanach
críoch shéadach fholtach fhuilteach
torthach[r] trédach thiodhlaictheach.
24 Ó Thadhg *mhic mic Con na ccreach
sliocht mhic Taidhg na ttres neimhneach
sluagh trealmhach bruthmhar buadhach
cruthghlan mheanmnach mhar[c]shluaghach.
25 Fríth lé sliocht Flannchadha finn
meic Néill meic Aodha d’uirrim
lucht deaghgharma nách gann geall
barr ealadhna na hÉireann.
26 Ag sin síol an tora[i]dh thruim
déighshíol Doncha[i]dh(a) meic Domhnaill
síol lámhghlan[r] nách síol singil
síol ádhbhor an oirchinnigh.
27 Ceithre treithe thuilleas ann
gaisge is fírinne is fulang
gan díth féile ar fhlaith Leamhna
maith na tréithe tí(a)ghearna.
28 Ó Rinn Eanach na n-eathar
críoch cómhfhada cóimhleathan
gus an ccaladh fá Chluain Ruis
nár hanadh uaibh ’na n-éagmais.
29 Ó Luchad na learg ndomhain
ceart búr ccríche an ccualamhair
bhúr ttarrang ar ttriall uime
go sliabh álainn Fhéilime.

Roinn na Múinteoirí, Col. na Tríonóide, TCD

Créad í an aithris-se ó Áth Chliath?
[O'Conor Don, 333b]
Cormac O hUigin cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Créd í an aitris-[s]i ó Áth Clíath
dár líon cách do ches troimchíach
a fhrémh gion go bfidir fer
gigil an sgél do sgáoiledh.

2 An sgél fabhaill-si ar fud cháigh
madh fíor breg ar áoi a iomráidh
ro-s toll a chailg gach croidhe
máirg throm ó nach ttiocfoidhe.

3 A-dubhradh día 'sa chabhair
go bfuair óighre Í Concobhair
bás orlam olc budh tinne
a bport dealbhghlan Dúibhlinne.

4 An tuisledh-sa a ccenn gach cráidh
muna brég bun an iomráidh
tarla thrá a raithreghdadh ruinn
ma tá an t-aithbhedgadh ionnuinn.

5 Nir cheduigh Cuimsigh nimhe
a bheith oirn dá oirbhire
gé madh dúal da dreich fhosaigh
a bhreith uainn san ollmhasain

6 Ní hí so ar suil ré a chabhair
an Calbach Ó Chonchobhair
a mair do chaithíarsma ó cCuinn
acht cor aithshíansa ionnuinn.

7 Ga misde don mhéid ro-s cráidh
bregaitris bháis an mhacáimh
an fedh do-chóidh 'nár ccridhibh
re glóir budh edh íocfaidhir.

8 Búdh leó 'na lúaigh[idh]echt soin
ar bhen tásg mic mic Cathoil
do shnúadh do cháoimhdhercoibh cáigh
a lúagh [d']áoibhnechaibh d'fhaghail.

9 A n-íoc an sgeóil-si rér sginn
Úa Bríain do-bhéra a hinntinn
don chúirt sgáoithsin glennblaith *ghil
fáoidhfidh re senráith Sligig.

10 Cabhair ris nach cás feithimh
líaigh ar n-othrais d'fhóirithin
ar bfher trúaighe a ttrath decra
ar snáth uaime a oíghrechta.

11 Ar n-áon d'fine da aicme
ar slána ar ccoill comairce
ar ccuid croinn ar mbeó bunaidh

Roinn Lárnáis, Col. na Tríonóide, TCD

ar mbuing cheó dar ccédfadhaibh.
12 Ar ngeall ris an mhéid nach mar
ar sáoilechtain dár sásadh
ar bfuighioll áir caomchrú Cuinn
ar n-áonchnú a-mháin an mhoguill.*
13 O tá uainne ar iocht an fhir
ualach sóisir ís sinnsir
go ría ar ccáomhnai-ne ar a chor
Día go sáoghlaighe an sosar.
14 Da sháoghal narab samhail
ré an Chalbaigh Í Chonchobhair
an drong gerrsháoghlach or ghein
ar fonn senfháobhrach Sligigh.
15 Da n-ímdhedh ar aithris ccáigh [334a]
ré bél a fhognaim d'fhaghail
sgél budh truaighe duinn a Dhé
ina ar *shuidh uainne an fhúairchré. Cred ...

126

Créad mhosglas macraidh Éirne?
[RIA 90 (24/P/12), 130]
Ua hEodhasa .i. Eochaid cecinit (see *ZCP* ii 359)
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cret mosglus macraidh Eirne
an fes ga fath coimheirge
do bhoing le hanbuain n-eachtar
an droing n-armruaidh n-innealtar.
2 Do mhusccail meanma corrach
co run n-udmall n-iodhlannach
an ccaoir bfromhtha suilbir sloigh
'na mbuidnibh toghta tionóil.
3 A-taid ag coindleadh cathbhorr
ag sgiamadh sgiath leabortrom
ag uaim onchon sleman sroil
ag greanadh dorncladh ndergoir.
4 Ag broinedh *i mberteadh ccruadh
ag snaidhm a suainemh ndiombuan
ag bairredh *uirierna a n-each
's mainder *cruiniemhdha a ccraoiseach.
5 Iomdha uasta ag eirghe a-mach [131]
iomgaoth a heitil (?) bratach
's coill co snas soighnen nimhe
da las troimnell teintighe.
6 Iomdha ag ógbaidh na n-arm sen
fotrom(h) sroil sesdan mileadh
bagor cean congair anradh
comghair gredh is giollanradh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

7 Croidhe ag beadgadh le bein stoc
macalla i n-uamaibh glennchnoc
gris dearg a [n]gercrobaibh greth
's ferconair lerg 'na luaithreadh.
8 Do lasfadh (?) grian et gaoth
do ceidibh na ccnoc ffionnmaoth
re lí bheann mbuaballglan mblaith
re snuadhamlad eng n-io[mráith?].
9 An scel rabhaidh no an run aigh
no an guais troda ro-s tionail
co heintealaigh ar coir ccen
an eichtfedhain móir míleadh.
10 'Na timceal tionoilid sin
bratach righ [fh]reimhe hUidhir
a ttuill fan snathchoinnil sroil
do damhchoinnimh ttruim tionóil.
11 Sluagh Manchach nar mhuigh guasacht
di tainig a ttogluasacht
le hiomghaoith da heitill mhir
fan mbreiceirr bfionnmhaoith bf[rithir?].
12 Iomdha uimpe 'mun am-sa
iomchognamh arm ccodursna
sesdan geonlaochradh geall cath
is seolghaothradh eng n-amlach.
13 Iomdha oirfideach catha
(i)s coimhtionol cland rioghflatha
fan onchoin snaisgreanta sroil
's caismerta ar tolchaibh tionoil.
14 Mor nell fola i ffroighthibh nell
mor mbadhbh is urracht a-iér
mor ndirim co n-aistibh (?) n-uilc
fan sidheing n-aisdrigh n-orrdhairc.
15 Diogail De co n-deach tairius
righin Críst fa a codhnaichius
rob soinmheach a bein a brios [132]
an moingfliuch da n-éir aithios.
16 Rob sén caomhna do cairdibh
rob teidhm urbaidh d'easccairdibh
a ceidbedhg 'na caoir neimhe
re ccraoibh ngeiglerg nGairidhe.
17 Rob ceim i ccoinne ratha
toisg ogbaidh fhóid seanMhacha
fa bredchoin an baotsroil brais
'na laochbroin n-echtaigh n-amhnais.
18 Ni he nach deacair dhóibh sin
leanmhain innge Mhég Uidhir
comhluath i ccend gach docra
eng na ndonnbruach ndregonta.

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

19 Fáth omhain d’aos a cosnaimh
meinic bios an bratach-soin
tre fhal solas ngeirreann nglan
ag tomhas leimenn luthmhar.
20 Budh iomdha aoible ’s aignén
d’urluighe arm bfaobairghér
’s cnis marbh ’ga bfaidhbnighe a bfuil
’s tairrngire badhbh fan mbrataigh.
21 Is cuirp laoch gan lucht ccaoinidh
’s gair cosgair da ccomhmaoidhimh
’s cnis sáorcorcra ag snighe tonn
’s cridhe faolchonta ar fúalang.
22 Budh iomdha bos fan mbrataigh
fiallach i bfeidhm anacail
’s airm troma ar iomramh o fhuil
’s colla biodhbadh ’na mballuibh.
23 Tingeall ratha robadh olc
an meirge sin Chon Chonocht
ni geall re a gniomharthoibh fein
an eang siodhsochraidh soilléir.
24 A cuairt suil cuire sisi
budh iomdha ón eing mheirgi-si
croidhe fedhna co faoilteach
’s menma oile eccaointeach.
25 Budh mor mbruighen bias folamh
budh mor n-iath gan átoghadh
do druim a dergruathair sin
fa leargbruachaibh fuinn Uisnigh.
26 Béist critreach an chuilg greanta [133]
fairsing fairche a hinghealta
faisegaidh le a foghlaibh soin
adhbaidh ffaisfhéraigh bFionntoin.
27 Ionann eglochar reimpe
fa Eirne an fhoid innilte
im laimh Oir im bionnBuill mbrais
im Bóinn im fionnSruibh nIorrais.
28 Biaidh dé rabaidh fa raith Breagh
’s faire laoi laimh re Caiseal
beid na hiolgairthe im Áth Truim
’s fath na hionraithne im Acuill.
29 Ionann bos beid da bfaire
na beilghe i mbruach Maonmhaighe
’s na roid um goirmDealgain gil
’s fa foinnleargaibh fhoid Uisnigh.
30 Budh iomdha cliatberna céd
madh fuireac[h] do mac Mairghreg
bias ag eirghe asa los lé
o Eirne go Ros rigCre. Cret ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

31 Iomdha tir do thimchil sibh
a bratach Ao[i]dh Mhe[i]g Uidhir
ad tromluighe ge a-taoi a-muigh
gach laoi it comnuighe i cCorcaigh.

127

Créad rug ar mharcraidh Mhuimhneach?
[RIA 3 (23/L/17), 133b]
An Conqhubhar Camm cédna cecinit ar bhás Í Dhonnamháin.
[Ó Dálaigh Cairbreach .i. Conchubhar Cam (132)]
[Dated 1660 in qt 40]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cred (do) rug ar mharcraidh Mhuimhnech
ré a bhfuil an chaor chonaibhleach
seachnóin chláir éadloinn airghentha[rs]
'na ttáin bhéadtroim bhuaidhertha.
2 Créad (do) rug fán am-so orra
do chuir an ccaoir ccumonnda
gan bháidh aoinfhir rer-oile
don táin fhaoillidh eagnoidhe.
3 Créad í an cheisd nó an bhruid bhunaidh
nó an barr uathbháis n-égsamhail
(do) r(i)ug ar mharcraidh mhuighe Céin
do mhartraidh uile iaid-séin.
4 Ní barr annsa(dh) d'(a é)ar-oile
do bhris reacht na ríoghroidhe
ní hinntinn luath ní rún rod
ní tnúdh ní fuath ní formod.
5 Ní a ccur a seilbh a sean[s]
ná airgidh dhíobh do dhéineamh
ná rún foghla a bhfraochshlódh nglan
tarla (a) claochlódh a ccédfadh.
6 Ní guais treas ní teirce cruidh
ní leathtrom ní bert bhaoghuil
rioghraidh calma an chlair Chuinn-se
dáibh as damhna doghuilse.
7 Ní hiad a tt[e]adhma troma
ná aidhbhle aracht ndiodhlonda[s]
chaoinid sluagh bleachtmhuighe Breadh
buadh na nertmhuire namhad.
8 Ó Donnobháin díobh do bhuain
do-rine(dh) a n-am a n-amhluaidh
laoich chlisde go ccuinn[r] mhisnidh
leirg[r] bhrisde dhon bhuidhin-sin.
9 Don mharcraidh mhíleata luinn
ní faighthí a ndeaghaidh Dhomhnuill
aoindís a mbeirt thromghrá[i]dh the

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ag congmháil cheirt dá chéile.
10 Rún aoindíse rer-oile
ní faighthí acht d’aois eolchoire
do bheithribh gleoidh fhoinn Fh(e)ach[t]na
a ndeoidh an bhoinn beoghanta.
11 Bás inghine ainnbhir Maighe[s]
do bháidh as bert derbh[n]aire (?)
uim chnóbhaoibhlios cháidh na bhFionn
glóraoibhneas *cháidh go coitchionn.
12 Do dhlighthibh doirbhe an chesa
éigen d’aos an aoibhneasa
arna dhol um lubhghort Luirc
umhlocht dá ttol do thabhuirt.
13 Rug ortha d’adhbhar cesbhróin
gur(a)b éigen don aoibhnesghlóir
ar feadh ghríoschláir toghtha(dh) Táil
cíoscháin na horchra(dh) d’admháil.
14 Siobhlach ón aon go [a]r-oile [134a]
orchra(dh) leannáin liathDoire
ar cclódh a saobhaoibhnis[r] soin
do shlógh caomharrais[r] Chobhthoigh.
15 Ionann a-tá an meirbh meata
iar mbás an mhir mhíleata
’s a ceann slóigh ciodh dáil na d(h)ligh(e)
ar láimh an bhróin ’na mbraigh(i)de[ibh].
16 Ionann a-tá an treabhthach tím
a ccuing tuirsig ar ttuitim
’s a mer goirmreachtach glac thréan
tré mhac oirbheartach Oiléan.
17 Ionann a-táid óa ttuirse
tímchioll tuama an Domhnuill-se
[’s]an rioghan leanbha an loinn bras
ar ccaill a meabhra a mioras.
18 Umhlacht an éarlaimh amhra
lúth a macámh mearradha[r]
na cóir ghleoidh ar ghomhthuir lainn
ní faghthuir a ndeoigh Dhómhnaill.
19 Do ghlacsad dón adhbhar orchra[r]
go bhfuil an aos ughdortha
fán grích *ngairbhlíntigh ngrianda
’na n-ainmhintibh éigciallda.
20 A-tá an chaoi iar ndalladh a nderc
do chaillsiad aice a n-éisdeacht
a cces go dearbhtha ar[na] ndul
a ttengtha beas do balbhudh.
21 Iar gcaill chaomhantaidh a ccreach
do bheithribh críche Cairbreach
gion go bhfríth cló dha cceas-[s]an

Roinn na Gaeilge, Coll. na Tríonóide, TCD

mó a ndíth [io]ná a ndoilghe-san.
22 A-tá *éan iongantach sonn
dar[a]b ainm fíor an bhiothlonn
gurb é as adhbhar dá éag suin
méad adhbhal tré(a)n[a] arguin.
23 Iar n-argain foraoise an eóin
dá naimhdibh calma cineóil
glacaidh cuing dhoirbhthe bhaoise[a]
do dhruim airgthe a fhoraoise.
24 Caille an bhiothlonn bhadhbha[s]
(a)'gá [e]ascáirdibh iulardha
buaidh a bhert mbraismer a ghaois
ar ttecht airsean an fhoraois.
25 An t-éan gaisgemhuil geis-séan
tig do thruime a thuirse-séan
ar bhfás le forlann dá bhaois
bás go bhfoghann an fhoraois.
26 Mar an éan-so an fhoraois ghlain
fuair codhnach chlainne Cathail
don tsaorchlainn as cás cuimse
bás le daorcainn[r] doghuilse.
27 A lucht leanamhna a ghaol glan
a mbruid t[r]é a n-imshniomh adhbhal
tre a mbeith da namhaid go nimh
tanaig a breith don bháis-[s]in.
28 Do raighnibh Gaoidheal is Gall [134b]
iomdha neach a ccló chothram
lá a ccáis do chothaidh a ccrodh
a ccrothaibh báis tré a bhás-son.
29 Ar fedh na ré riamh do mhair
mór ccosnamh ag clainn Chathail
ar n-éag don chaomh mhalla mher
namha gach n-aon dá oirer.
30 Árach ar aonchor orra
ní bfhuair cara(dh) chumonda
's ní bhfuair foghlaigh(e) a bhfaill soin
go caill chodhnaigh(e) a ccosnoimh.
31 Lá a bháis do chaillsiod Cairbrigh
a n-ursa re a n-escairdibh
a bpuirt daingne a cceill choimhdhe
a n-aigne a cceinn chomhoirle.
32 Do chailleadar clann Chathail
tulach chaomh a ccoigthechaigh[r]
riag a n-uilc a n-eol sga[g]tha
a cceol a ccuilt chodaltha.
33 Do chailleadar iarna chaill
ogbaidh merrdha crú [.....]
lúth a slógh a ttreabh turaidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

as lón a sean salmmhubhail.
34 Seachnón Bhanbha an bhruaich linntigh
fuil airdFhiacha fhíghinntigh
ar n-éag a saor[r]uire sin
tréad gan aodhuire a n-aithghin.
35 Do chaill siad ar ccaill Dhomhnaill
a ccaoinghleacach cruadhchomhluinn
caomhantach a cclú a cconáigh
crú dhaonnachtach Dhonnomháin.
36 Deacair *nách diol(adh) [cao]inte
a r(i)un diamhar dosgaoilte
moille a dhíola a dhéine a smacht
a shéimhe a dhíordha a dhaonnacht.
37 An mheinn cheannsa an eagna áith
an fhéachain fhada iongnaith
nó an *seabhunra dar ghnáth gen
*nemhungna cách dá chaoinedh.
38 An tionnsgnadh gan chur 'na cheann
an ghaois gan cheilg 'na choingheall
an chuing chert an chiall fhortail
nó an nert nár iarr iomarcaidh.
39 Rugadh leis láimh re humhlacht
inntinn mhórdha is measurdhacht
*niadhacht tréine agus time
diadhacht féile is fírinne.
40 Trí fithchid bliadhain bheas[s]
míle sé chéd a ccruinneas
aois mhic Dé chora(dh) an chonáidh
as é ar ndul[a] Í Dhonnomháin. [date 1660]
41 A-tá ar súil as faighbhe sibh[a] [135a]
réad ghrásaibh réad mheinn *mhaithfidh
mh'anam *tréan olc ná daor a Dhé[s]
's gan am chorp claon acht crionchré. Créd ...

128

Créad tárraidh treise Connacht?
[O'Conor Don, 321a]
Maoileachluinn na nUirsgél O hUiginn cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Créud tarraigh treisi Connacht
cía a-nois do-ní a buachollacht
trén Connacht do buain da bun
do-conarc uair budh iongnudh.
2 Os cionn gach coigidh eile
go ttesda triat[h] Sligidhe
do bhí cuigedh súghdhonn sreing
an cuigedh urlann d'Éirinn.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

3 Córuide creidiomhuin di
coruighecht Choluim Chille
mar tá an chríoch ó do-chúaidh sin
is mar do bhíoth uair éigin.

4 A ndíaigh a cheile ó do-chóidh
da oighid (a)s ádhbur dhobróin
gan raibhthe a-níar is a-noir
ni bhiam a haithle Eoghain.

5 Do bhí lá nach bfuighthe ar bfaill
gé a-ta gach enlá orainn
brath gach fir as é ar na dhol
och as (i)é sin an saoghal.

6 Fada go bfuighdís bíodhbaidh
faill ar thir í Thoirrdealbaigh
gion go mbeath ag cáomhna a ccruidh
acht áongha is each Eogain.

7 An macdhacht ríogh do-rinne
go ttrasda dar ndidin-ne
faghthur nech do-né an donnain
creach mur é ní fhúaramair.

8 Da chéd míle (ní) meabhair linn
a-ta etorra d'Eirinn
úa córanna as-tech go ttug
toranna a ccreach 'sa ccomhruc.

9 A ndeiscert Mhumhan Mic Con
as tall a ttuaiscert Uladh
ni bhiú gan imsniom da éis
do-chiú ilgniom da aisnéis.

10 Go logha Día da dreich mhoill
mac Domnaill mic mic Domhnaill
gach créidhim dár chuir orra
fa bfhuil d'Éirinn etorra.

11 Tuc mac Domnaill Droma Sreabh
ní tiúbhradh sin acht seisen
trí madmanna lé a mí a-mháin
a ttri n-anmanna as iomráidh.

12 Maidm súaidhnidh Sithe nDuma
a-tá ag cách 'na ccomhromha
a enlamh as edh do bris
gan fer do thérnamh thairis.

13 Mairidh gion go mairid féin
a-niugh lé chur 'na chaitréim
a spairn ar fhud na hEisgrech
da ttug maidm na Mainistreach.

14 San mhís chédna is cumhain lem
tug ádhbur airdríogh Eirenn
maidm ar shlúagh Shléibhe Lugha
trúagh Éire at áontumha.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

15 La Croisi Móire ó nach mair [321b]
& lá Cnuic an Cromaidh
nirbh iongnad maith ris do radh
& flait *Mis ’na macamh.

16 An lá do líonadh ré a ucht
Dún Iomdháin d’úaislibh Connacht
mo ná gach ceisd cumha an fir
a theisd nír lugha an lá-sin.

17 Fada as cumain cúis tuirrsi
a n-áiremh ní fheduim-si
a mbíodh do creuchtaibh arm air
’s ar marbh d’échtuibh ’na n-aghaidh.

18 Mó do imir orra sin
da euchtaibh as da airgnibh
lucht na ttúath as nesa a-nonn
i mbruach esa da egonn.

19 Rúaig Sligig maidm Ó Maine
sluaighedh meince an Machaire
maidm Cabhlaigh ag Tuinn Túaide
d’fhaghlaibh an duinn dearcúaine.

20 Do-connarc Mhagh Luirg go léir
don tsaogal as edh eiséin
fa dhó gan éunbhoin ón fhior
acht bó eurloim no fhiliodh.

21 O Dhun Muingfinne go Múaidh
an lá do airg a n-enúair
bi ’ga leacht a lán ag cáoi
ag techt tar ár an énláoi.

22 Na sé creacha gan creic mbig
tug leis ó Leitir mic fPilibs
cuid dhíbh ar buaibh mo baile
ní bhím úaidh gan eólchaire.

23 Mo chuid do creachaibh Gaileng
rugus úaidh gan uraigeall
mairidh an crodh a-né a-nos
’s ní mha(i)r(idh) an te dhá ttarros.

24 Beg chuimhnigim da cumaidh
do chaithreim Í Chonchobair
gan dula dhi ní dhlighim
ós í a chumha chuimhnighim.

25 Sgéul as cosmhail rér ccumaidh
tarla ar choigedh Conchobhair
tar na huirsgeulaibh eile
coisgéraidh ar ccridhi-ne.

26 Lá éigin tar éis na Con
tig éngul go Dún Dealgan
maoith ar a n-aire ré a hucht
láoich an bhaile ’sa banntracht.

Roinn na Séimige, Col. na Tríonóide, TCD

27 Eirge a-mach mana tuirrsi
d'fiosraghadh an eunguil-si
ingion Foirgaill nár aomh cion
ar Láogh do f[h]orguill Eimior.
28 Glúaisis Láogh leth risin ngul
tarla dhó ar ndul ón dunadh
ingean ar ccrádh a croidhe
lán d'imnedh is d'eólchoire.
29 "Damadh úaid do berthaoi a bhen [322a]
mac Subhaltaig" ar seisen
"ní bhíadh 'gud chaoi ciall turaidh
's ni bhiadh dlaoi ar do dhércumaidh."
30 "Cu Cholainn an comhráidh dheis
a ogláoich úd tig thaireis
cia tusa ag tochta ar an Coin
lérbh usa a corp 'na chréchtaibh?"
31 "Misi Laogh lór do trúaighe
ara Chon na Craobhruaidhe
ge a-tá sinn ar neimhthní a-niodh
a-deirthi inn a inghen."
32 "Cía tusa no ga tír duit"
do ráidh an t-ogláoch ordruic
"a bhen *go (c)créidhim cháoine
nó an fer d'Eirinn (th')egaoine?"
33 "Ingen dho Coin an chlesraidh
mé as d'Áoife" ar an ingen-soin
"Bé Tuinne rinne 'ga rádh
sinne ga truime tochrádh?"
34 Guilid a n-áoinfhecht ann sin
eidir ogláoch is ingin
nírbh iongnadh géire a dha ngul
fa chéile fhionnbhan Uladh.
35 Gul a hóglaoich do aithnidh
tar an ingin n-anaithnidh
bedgais Eimhior uime soin
deibeadh uirre da fhéuchain.
36 Gáirid a muinnter a-mach
fa ingin Fhorguill Monach
tainic pudhar don bháidh bhróin
da ngáir chumhadh a ccédóir.
37 Trí cháoga le a chur a suim
do gnathmhuinnter Con cColuinn
ré a ndul as-ttegh ón gair ghuil
as edh do-cháidh dá chumhuidh.
38 Ni cosmoil gomadh cumha
mar sin da lucht leanamhna
cumha da méd ó nach mar
's gan dula d'ég tré Eógan.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

39 Eogan agus Cú na ccles
do-nim comtrom da ccoimes
ó chéidfhior cumainn na Con
éigion an urraim d'Eógan.

40 Ní hegcosmhail rér-oile
da ádhbur ar n-eolcaire
ionann brón dhún acht gan dol
is don tslogh ó Dhún Dealgan.

41 Ar ttecht fa thasg a hathar
a nEirinn da fhiosrachadh
ní he nach truime ar ttuirsi
Bé Thuinne mo thúairim-si.

42 O mhachaire Mhuighe hÁoi
tainig mé man[a] dércháoi
tásg Eógain mar fuair me[s] [322b]
do-chúaidh ar deoraidh dhuinne.

43 Ar ttecht dam ó Cruachain Chuinn
fá thásg marbhtha mic Domnaill
tesda an lá romam fa-rior
a-ta oram 'na imsniom.

44 A-dubha(i)rt ar ttecht as-teach
ar a uaidh sion a Sligech
"t'eg romham a rí Sligigh
do bi oram d'ainigin."

45 Munab í an itche do iarr
tug gan ar n-ég ar áoinrían
créd fa mairim ó nach mair
da mairinn ar n-ég Eógain.

46 Do sir ar Dia diocra an crádh
m'fágbail tar éis mo compán
misde a áomhadh ó Dhía damh
saoghal budh sía ína [a] shaogal.

47 An ghuin chinn do cráidh misi
fuair tar éis na hitchi-si
mo shicne as-toigh mur do tholl
do loigh 'na hitche oram.

48 Sé tratha tinn lé mo croidhe
a bfuair d'aimsir aithridhe
rí(gh) Line (tar) [d']éis a áluidh
mar ghéis cridhe companaigh.

49 Lé Día a bhuidhe ger beg soin
a mbeith d'furtacht 'ga anmoin
na sé tratha a-ta dhom cradh
mo lá bratha é d'iomrádh.

50 Ciodh meinic riam rainic me
sgel re sgeinnfedh mo cridhe
rinn nír chuir ar mo chumhaidh
go guin chinn Í Chonchobhair.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

51 An t-áoinfert ’na bfuilid sin
taisi righ ratha Sligigh
ionmhuin corp ’sa hádhbha é
tar a ttarla [a-]nocht núachré. Cred ...

129

Críoch an ghaisgidh guin Donnchaidh
[RIA 475 (24/p/25), Leabhar Chlainne Suibhne, 77r, p. 147]
Flann Mac an Baird cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 [C]rioch an ghaisgid guin Donnchaid
cia do chach nar comhorrthaig
luath do chuir a therma as-tegh
an ghuin le a terna tuicther.
2 Goin enfhir is é do-bhe[i]r
don loechraid gan luadh gaisgid
gadaid soin a menma o mhnaibh
ni goin nach derna dioghbail.
3 Is cuid dom adhbhar orchra
nach bim re bron incomtha
relta in ghaisgid arna ghuin
gan chlaisdin éachta o Ulltaib.
4 A gcert fe[i]n nach faghaid soin
cath Erne tar é[i]s Donnchaid
do caisgead do chuimne a gcean
ga duilghe gaisgead Gáoidheal.
5 Siad ar d’techt uili on irgail
fian Macha acht mac Toirrdhiolbaig
misde gurb égin é a ndán
an te nárb édir *d’iomfádh.
6 Mar thiormuighid truaille dearc
ingnad gan mh’or[cra?] d’imtheacht
nir fhéd me cosg na cumhadh
roscc is é arna fholmhugad.
7 Ni faláir duin ’na dheagaid
ni dual dul on chindemain
o rucc se ar n-anáir fan úir
gan mé d’fagháil a imthnúidh.
8 Dol do chosnam chlair Lugaid
dobu chóir do ar Danuraib
guin a bhúanna o do bh[a]ói a ndán
a ghn[a]ói uadha ’ga imrádh.
9 Fan sgel do-closs a crich Gall
gi be aigeorus oramm
cred soin acht én re n-eallta
do mhoigh mo dhér dhilennta.
10 Do chlar Banbha beg nac bfuil

Roinn na Scéalaíge, Col. na Tríonóide, TCD

fa neart Gall ar ngoin Donnchaid
ingnad dioth enfe[i]r d'Ultaib
crioch Ebhir 'ga fhionnuchtain.

11 Sgel de[i]mhin or dhecair tocht
rucc on bhuanna ar an mbanntrocht
ni sgél fuar frith o Ghallaib
buan a dhith do dernannaibh.

12 A sén do chur ar cúla
tainig do thao[i]b imthnudha
ar cuid don tnúidh tainicc rinn
suil ar Fhanuid ni fhuilngim.

13 Cliath foscc aid aicme Suibhne
fa moide a gcás comurle
do thuit ar sgath cloinne Cuinn
ni trath coinne d'Ib Conuill.

14 Is derb nach dénaid uili
na daoine ait aonnduine
fiadh Floinn gan aodhuire air
ar mboing aonduine a hUlltaib.

15 An tuirse o tharla ar mh'aire
do-ber seal sa sradbhaile
taobad Gall acht ge lesg linn
'na mesg an tann fa teidhim.

16 An trath far thuit san iorgal
coir mhaoidid mac Toirrdhiolbaig
crand casnaidh Gall arna ghuin
le Saxaib an tann torchuir.

17 Re imlan is é gontair
ni sgel é gan fhionnochtain
mairg nac derna inntlecht air
re n-imtheacht berna boeghail.

18 Do biadh gan dul fa dhiomdhaid
da mairedh mac Toirrdhiolbaig
leor a shaoire a ndeoidh Donnchaid
aoi(i)dhe ceóil a Conollchaibh.

19 Clann (t)Shuibhne nar (t)shaoghlaig crodh
fath maoith don mogal curad
cnu do mhuigh as a mogal
do chuir clu na connsobal.

20 Tar é[i]s na rogan (?) rug me
ni da chelt ar chloinn Shuibhne
tesda an te ararbh orradh inn
más mé a n-ollam ni aithnim.

21 Loechraid Fhanad d'eis Donnchaid
a-taid 'na gcló ar comhorrthaib
giall 'ga sgaoilead le fe[i]n Finn
lem cháoinedh a che[i]ll cuirim.

22 A[r] mbuain enfir d'fhuil tSuibhne

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

decair clódh dár cumaid-ne (?)
dom orrcra cuirim a chlár
ni chluinim orrtha imrádh.

23 [T?...hi?] mbualad a n-irgal
ger mhinic mac Toirrdiolbaig
gan ghlés faghla ar an túaigh truim
tarla ar an úaigh mar elchuing.

24 Nir fedadh fresdul Donnchaid
ar cur aighthi ar allmhorrchaib
is náir doibh nac derna ar dhligh
d'fhóir Emhna gingurbh édir.

25 Fuarus sgél nar coir do che[i]lt
ar mac riogh go rath n-oirrdeirc
sgel ni fhoil mar an eachtra
a fhrem soin nac solenta.

26 Morchad mac Briain na mbreth nglan
nir leig Banbha ar breth Danar
an tshlat tshaor nar ér ollam
sgél is da thaobh tarromur.

27 Oighre Briain na mbuaball gcamm
tucc aire d'fogra dhubGhall
ni fhuair damhna riogh a rath
B(h)anbha da dhíon nir dhiomgac.

28 Is mor d'imguin is d'égin
frith le mac [an] Cennédig
guais na tairrngire ar fiadh Floinn
ainbfine ag triall tar tóroinn.

29 Port a dtir a ticfad long
nir fhagaib d'egla echtronn
da raibe fa clár gCobtaig
narb ál d'fhaire ar allmhoirchaib.

30 Tar gach ni dar imdhigh air
do bi an acinn (?) Mhurchaid[a]
té[i]d mar bad dúal riam roime
ar sluagh le Brian Boroime.

31 Sgaoilid[h] o Briain na mbreth réidh
sluagh Gáoideal *d'arghar oilbem
soir fa chlar Midhe go muir
na tighe lán do lasuir.

32 Ni he ar millead fan Midhe
ann dob adhbhur oirbire
mor fuaim a n-arm ar obair
go Cluain Tarbh mar thangoduir.

33 Lingis Murchad a mesg Gall
a n-amharc nir fhéd d'fulang
risan tshlúagh uile nir an
ni dual tuile gan tragad.

34 Do thuit Morchadh gar mo ce[i]m

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

do Dal gCais cian bus oilbe[i]m
an té dhar chló clár Cobhthaig
ger mo an t-ár ar allmhorrchaib.
35 Guin Donnchaid ’na degaid soin
tarla acc buain re bás Murchaid
Donnchad gin gar dóigh a dtreas
re Morchad ni coir coimmes.
36 [G]ontor Donnchad a ngleo Ghall
mar mac Bria[i]n beg nac cotrom
beart dar fhas confaid o Cuinn
re bhas Morchaid da mesuinn.
37 In dias curad do chan sinn
siad muna cosmail cémind
tarla cas is cosmail de
a mbas cosmail re chéle.
38 Mac Toirrdhealbaig do thuill bladh
cred nac mesfuinn re Morchad
da orsain ar ath n-ágha
cosmail a trath tegmhala.
39 Guin Donnchaid is doilghe damh
tainicc trid teacht tar Murchad
dob fiu ar toil don ti chá[o]inim
a goin is hí egcá[o]inim.
40 Tucc Donnchad a ndail Danar
ce[i]m narbh édir d’anaghal
teid a radharc fa cloinn gCuinn
na Goill d’amharc nir fhuluing.
41 Is egin duin dol da fhios
ge a-ta oram ’na fhaitchios
denum eoil ann ar mh’aire
ar crann seoil sa sradbaile.
42 Gan tu a tosach na tána
guais leo la na tegmhála
tuc do buain dib a Dhonnchaid
gan mír cruaidh re Conollchaib.
43 Re siol Suibhne is se a-derair
ní nar chóir do chredeamain
tair shén a ngaisgid od ghuin
sgél do chlaisdin nar chumain.
44 O nac fuair a n-ioc a lluit
aicme Chuinn dar choir éruic
nir léicc do ghuin le Gallaib
an mhuir teid tar torannaibh.
45 Derbaid[h] orcra d’fhuil tShuibhne
a fuil orrtha d’egcuimne
gan brath ar ghaisged od ghuin
gan chath Maisden ’na menmuin.
46 O nac eidir th’uaidh d’feghain

Roinn na Graí, Col. na Tríonóide, TCD

tuirrsi is ann dob indénuim
da treigter t'feart d'omain Gall
ni cobhair dearc no dernann.

47 Do thuitim a tus tachair
beag nach imnar d'Ulltachaib
gan tshuil o foir Emna ort
do choir fhedhma dot furtocht.

48 Ag so a-nois am na horcra
ar dteacht o a-ta an comhorrtha
clar Floinn ag Gallaib od ghoin
's a-nallain fa chloinn Cobhthaig.

49 Fa menec riamh roime soin
nar lesg duinn dol dot fheghoin
red thaobh 's gan ind ar h'aire
nac saobh sinn sa sradbaile.

50 Dob iongnad riamh roime soin
coir d'faghail o fhe[i]n Mhurbaig
gar beag doib do dhith Donnchaid
nac frith coir le Conollchaib.

51 Adbar m'orcra d'eis Donnchaid
dith cosanta ar Conollchaib
ticc cas is doilghe da dhioth
a bás a[g] coimdhe choicrioch. Cr...

130

Críoch gach neithe dol re nádúir
[RIA 540 (C/iv/1), 163r]
An fer ceadno cecinit [Goffraidh Mac an Bhaird (p. 160r)]
[Rannaíocht Bheag, Ógláchas]

1 Críoch gach neithe dol re nádúir
gnáthchúis ar a bfuil fínde
gach oige mur a hadhbhar
gach admad mur a fírfhréimh.

2 Eóin in tsáile no in uisge
a réidh mhoighe an úair ginter
is eigin dóibh go ttairrngid
d'fios na fairge fa dheiredh.

3 Gach dúil állta da múintir
a ccúirtibh le lucht áoibhnis
nadúir in aignidh fhíata
brégaid iad-san ó dháoinibh.

4 Duine da n-oilti ar fásach
athaid[h] a n-arus fhaolchon
urasa a chur a ccaidreadh
tre nert an aignid dháonda.

5 Mar théid gach (ein)ní re dúthchas
a érla dluthchas druimfhíar

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a-ta nadúir mac Milead
ag toighiocht thribh-si á Uilliam.
6 Ar h'oileamhuin ghrinn Ghallda
á phlanda d'fuil Cuinn cnisreidh
do nertuigh nadúir Ghaoidiol
léir da gach áoinfher eiséin.
7 A Uilliam Uí Máoil mórMhúaidh
ó Liffe an orbhrúaigh eithrigh
ni heider nach bfhuil do mhenma[s]
re síol Néill dealbhdha an deisgirt.
8 A-ta bhur n-áinios comhóil
a-ta h'onóir is th'aobhdacht
dod bhreith do tháobh an fhine
maicne dar chisde an daonnacht.
9 Glór an tsionnuigh san aibíd [163v]
is é bhur mailís chainte
da rádh[a] nách lonn libh-si
grés dana d'fidhe at ainm-si.
10 Do-chúaidh aithne ar do chúrsuibh
ni bfuil acht lúbghal agad
na beir do chóir na linne
go bráth misi ar an lacha.
11 Coimhne h'úaisle is h'oinigh
sáimh leat-sa a n-oigibh dána
a ghég d'fuil Cairbre is Cormaic
is Chuinn fa hoirrdhairc n-ágha.
12 Nár fhágba sibh-si a mbáoghal
an saogal fan cóir neimhní
go mbé Criosd ar ccenn bádha
ré cur ar ndála a ndeighchrích.[x]
13 Níor dhermaid Mairgrég Clifert
ágh is eineach na sáoirfher
's íad uimpe dal go bfíadhuin
fíanfuil Gall gríanfuil Gaoidheal.
14 Fiú a togha in bheldearg bonnbhán
nar ghradhaig[h] comhradh neimhfhíor
fa dheóigh ar a dhreich chobhsaidh
cosmail go rachaid[h] deighchríoch. Crioch ...

131

Críoch Osraighe leath Laighean
[RIA 785 (23/G/8), 67]
[Date (1400) and poet's surname (Ó Dubhagáin) given in quatrains 22 and 23]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Crioch Osruidhe leith Laighen
ettorra do hordaighedh
senroinn cloinne Bhresuil Bric

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gan esbuidh coinne a gcoinghleic.

2 Dá mhac do bhí ag Bresal Brec
Lughuidh Loitfhionn na luaithbheart[r]
is Connla fa cruaidh a nga[i]l
fa bhuaidh ba tromdha a *thresa.

3 Do bí gnaithroinn Bhresail Bhric [68]
ar chrioch Laighen go hainghlic
an díne fa sech mar soin
righe & leath do Lughuidh.

4 Fuair Connla is roba coir soin
ceirtleath ó Lughuidh Laighoidh
is breth rígh Osruidh[e] air
gniomh fa cosmhuil[e] a charthain.

5 Leithrí Laighen as é a ain(i)m
rí Osruidhe as ard toghairm
brathair ri[ogh] is rí d'ain(i)m air
do bhí iona ghairm ghnathuidh.[s]

6 Coiger riogh da rainig soin
do chloinn Connla *mhac Bresuil
uain on chlarmhinghort fa chion
do fuair lainriogh[dh]acht Laighen.

7 Rí Osruidhe an uair bhus ferr
's ba sine na rí Raoilean[n]
cennas Laighen as do as dual
an daighfher as mo marcshluagh.

8 Crioch árdaoibhinn thorrtha the
Osruidhe os cionn gach criche
crioch fhíal on gairde gach gleann
crioch as airde d'iath Eirenn.

9 Mar a-ta ríamh d'iul gach fir
Osruidhe ar leath o Laigh(e)n(u)ibh
do bhí a mbreith gach leabhair leam
si ar leith ó feruibh Eirenn.

10 O Bhearbha go Siuir siaruin
Osruidhe an fhuinn airdghríanuidh
o Bhladhma buig go saile
cuid don Bhanbha is braonaille.

11 O Glaise an Ionathar as
go Baile Dha Thi a thomhas
leithed Osruidhe as [s]e soin
gne fan cosmhuile a carthoin.

12 O mhullach Inneoine fhíal
cuid Osruidhe d'iath Ghailian
do chrioch Fhloinn go Leithghlinn soir
neimhtim an roinn da rioghuibh.

13 Gnáth íat a nÁth na hArda
laochruidh chrodha cnesgharga
Laighen is Osruidhe an fhuinn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

daighfher cobhsuidhe an chomhluinn.
14 Sliocht Chonnla mhoir *mhac Bresail
cródha iat a n-iomresain
rug ar bhoirbhfhiach ba beo sin
tug an coigrioch leo a Laighnibh.
15 Tugsat leo Laoisech lannmhor
go líon sgíath a sgainnerghlor
go cloinn Chonnla(dh) *mhac Breasail
don dro[i]ng thromdha thremthresaidh.
16 Tug rí Osruidhe *ar ard bhladh
Ulta don chrioch da cosnamh
drong do ghabh le saoirfhios sin
dar fhan Laoighis a Laighnibh.
17 Tug síad sliocht Conuill Cernuigh
le hOsruidhe a n-airdmhenmnuidh
a nglanrolla dhi go ndechuidhs
tri madhmanna ar Mhuimhnechuibh.
18 Sioth na osadh nior fhaoim sin
rí Osruidhe ón fhéin Mhuimhnigh
a gcert fein go fuair uile
le nert sluagh d'féin Osruidhe.
19 Sliocht Connla chrodha *chrechach
ag roinn ríamh re Muimhnechuibh
coir fionnMuimhne[igh] do rádh riu
lan d'fionnbhruighne[ibh] is d'ardchlú.
20 Ní brég ó Bearnan Éile
go Connlán Chinn tseinShléibhe
Sliabh Bladhma ar fhad as e sin
gardha(dh) é ó nach lag *Laighnibh.
21 Sliabh Bladhma caomh ós a chionn
Osruidhe os arduibh Eirenn
d'Eirinn on chleir mar chairt Ghall
a gcairt féin ar gach feronn.
22 Míle bliadhuin ceithre chéd [69]
annail Mhic Dé ní deirmed
gur sgailt fírfhios ar fadaidh
cairt dilis Í Dhubhagain. [Date 1400]
23 Mé O Dubhagain derbh liom
senchaidh mé a n-iul Eirenn
dearbh m'iúl d'Osruidhe gan fhíoch
iul ona cobhsuidhe an coigcríoch. Crioch ...

132

Crobhaing ochtair aicme Néill
[RIA 540 (C/iv/1), 160r]
Goffraidh Mac an Bhaird cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

1 Crobhaing ochtair aicme Néill
a n-áiriomh sin is soilléir
rioghraidh phuirt bennclaidhidh Bhreg
ag sencaidhuibh guirt Gaoidheal.

2 Súaithnidh re ttoigiocht thairsibh
mar do-clos ón chédaimsir
láoich armdhonna ó ochtaibh Cuilt
anmonna an ochtair oirrdheirc.

3 Eoghan da Chonall Cairbre
Enda fa hord easairgne
um Laoghure Temhra an tuir
caomhMhaine ferrdha is Fiachaidh.

4 Sínidh go hOileach armrúadh
a cethuir don chrobha(i)ngshluagh
cethrar a M(h)idhe na miodh
d'fine an fherco(i)n re a n-áiriomh.

5 Conoll Gulban Eogan árd
Énda sáor Cairbre ciothgharg
is íad rainig don taoibh thúaigh
tarraid a háoibh 's a hanbhúain.

6 Siol an da chethrair chalma
ar úainibh ós fionnBhanbha
dá dheaghoirecht fa teó a ttres
sealughecht leo san fhlaitheas.

7 Giodh mo a-nallain do nertaigh
clann an chúaine dheisgertaigh
os cionn Temra ina an tréd túaigh
séd an da ealbha is ionlúaigh.

8 Fa lía rí don fhreimh Acla
'mo rainig rath naomhtachta
cúaine cáidh an cethrair thes
ferchoin do-chóidh ó choimes.

9 Na d[ro?]nga on deisgert d'Ibh Neill
gairm Ghaoidheal a-draigh dhoibhséin
ar fhéile ar náoimhe is ar nert
méine fa sáoire seiseacht.

10 Nior hoileadh a n-aithgin sin
ar chích Fodla d'éis *chreididh
a leith re gníomh is re gart
do shiol da *roich san ríoghacht.

11 Nior mheal Banbha ó [do] bí ag Lugh
cloinn dob ferr iocht is engnumh
níor altraim Éire ina hucht
macraidh fa déine daonnucht.

12 Loilgeacha blechta Banbha
riú a-derdis áois ealadhno
na fine um Themhraig[h] do threabh
's *a sealbaigh tighe Taillten.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

13 An tan nach beid os cionn cháigh [160v]
beith mur chách d'Ibh Néill nemtláith
ag so ar n-úair fírmheth na bfer
na slúaigh ó minleach Maisdin.

14 Síol Neill an deisgeirt dhréchtghloin
da ndéndáois cách coimsléchtoin
án drithle ag nuadadh a-nois
ar bfúaradh chrithre a ccádhois.

15 D'fuil Fhiachaid[h] meic Neill a-niodh
do (lus) len senrath na sinnsior
dar las crithir 'na ccogail
go snas bfichidh bfíorthob(h)air.

16 As é Uillíam Úa Máoil Mhúaidh
an sblanc beó a mbruithne a n-athghúail
ag macraid[h] Mhuige Léna
croidhe fortail firénda.

17 Mionn teasa (?) na ttracht n-ealtach
cnú don chrobhoing dheiscertach
médughadh d'ainm a fine
pailm gégumhal Gairidhe.

18 Sgoth na maicne ó Muigh Éille
troigh bheó go mbúaidh ccoisgéime
brath foireithneach cáoimhFher cCeall
aoibheal moirfheithmhech máoinenn.

19 Úa Fiachaid[h] mhóir mhic deighNéill
mac Úaithne an airm righinghéir
breó an dínfhine ó Brosnaidh bháin
ríghbhile cobhsaidh Cruacháin.

20 Siodhaidhe Búille braisi
meanmarc Bóinne bráonghlaisi
grúaidh tibregtha dán cep Conn
breac inghealta an dá abhonn.

21 As meisnigh mhic mic Láoisigh
bhíathus fuinche a bforáoisibh
téid teimheal do shén a sen
frémh do geinedh ó Ghaoidheal.

22 Da mestáoi a ráinic reimhe
go reimhes na ríoghraid[h]e
dáibh a-nunnana go Níall
ni náir urruma Uilliam.

23 Sínis eitedha Fher cCeall
íarmhúa Néill na náoi ngéibhenn
don chur-sa go clár Meidhbhe
sáimh an ursa imerge.

24 Fáobhrach ro-s fáisg á ionga
a ccáoin cuigidh Oiriolla
gur dhruid re domhain an fhuinn
fromhaidh a chuid don chomhroinn.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

25 A-dertáoi go ndeachaidh dhó [161r]
úa Fiacha is fál re n-íargno
a chuid do mhín Muighe hÁoi
mín an moighe da mesdáoi.

26 Súaithnidh um gach slios don Bhuill
torann fhorba an duinn dreachúir
soraidh an coisréim dar chinn
don romhuigh thaisreidh thirim.

27 Sáor an lerg lér léig á ucht
laithreac[h] áonuigh fhían gCondacht
frostolach ba faighin gráidh
maighin cosgarach Cruacháin.

28 Tulach Uisnigh amhluidh sin
Fiacha arna búing dá bhráitribh
mur chuid ronna fa réim gar
réill a rolla 'na rioghradh.

29 Téid úatha d'Fiacha mac Néill
ma-ráon re hUisnioch annséin
gach ar thogh don Mhidhe mhóir
fa thol a chridhe a ccédóir.

30 Tegar ó thoruinn Bhiorra
go sruimh ngríanaigh nGéisille
's o Gheisill do ghríbh Line
go cígh ghéisfhinn Gháirige.

31 Mac Úaithne da n-adrann toil
Fiacha ceadno chlann bFiachaid[h]
oighrecht is deimhnighe dháibh
oirbhert ceindbhile Cruacháin.

32 Fregra a bfoirm gach reachta
rainic do rath inntlechta
nocha sgáth soibhenta sin
ar sgáth oirechta Uisnigh.

33 Da mbeith b(f)hós mur do bháoi ríamh
críoch Luigdhioch re linn Uilliam
da chomharsuin níor dóigh dol
fan rodhamh-sin chláir Cruachan.

34 Níor shiortha d[...] chach cogadh
mur dhóigh as á dhiubrugad
cíabh gégórtha nach foill bfros
dóibh dob egcora á amus.

35 Do ba docha dioghbháil cháigh
re feidhm láimhe láoich Cruacháin
a-ta ag merrdhamh bruighne Bregh
cuimhne ar eangnamh á aithredh.

36 Cuimhne aige ar eing a shen
um Cnucha um céidibh tTaillten
um Breghmagh dar tegta toil
's um shenmhagh ealta Édair.

Roinn Lúibhéige, Col. na Tríonóide, TCD

37 Aithne d’Uilliam Ó Máoil Mhúaidh
oighre Fiacha an airm fhionnfhúair
sgél a seangha ar Madh Midhe
’s ar cladh Temhra toinngile.
38 Ar Cnodhbha fa ciúin frasa [161v]
’s ar iosdadh n-árd nAongusa
láimh re Boinn gaineimhthe ghil
’s ar glainEithne móir mhaighrigh.
39 Coimédach ar chert ndlighidh
cennairgthech re coillígibh
mac Onóra as aobhda cúing
baránta caomhna a crobhaing. Crobhuing ...
40 Maoiter ar Mairgréig Clifert
aignedh séghuind slighechert
croidhe fíal fregra gan ches
cíall & eagna is áines.
41 Meastar uimpe eacht eile
roighne Gallghuirt Iughuine
’s na tamhuin is uaisle eang
d’foluibh úaisle na hÉirenn.
42 Trí fíonfhola ioma dreich nduinn
Mosaigh is Ibh Maoileachluinn
’s na Clifertaigh tar Muir Menn
a-muigh ithbhleachtaigh Éirenn.
43 Ionmain órchoill d’fuil fionnGall
is prémh(dha) dhá rosg righinmhall
a mínfhíodhbaid[h] do chrú Cuinn
fíorionmoin cnú don crobaing. Crobhuing ...
44 Firinne beodhacht buga
trí míana Meic Diarmada
leoghan bosghlan thighe Trúim
bile is cosnomh da crobuing. Crobhuing ...

133

Cuid ronna i n-anbhuain Éireann
[TCD 1411 (H.6.7), 479 (2nd copy)]
Pádraig Óg Mhac an Bháird cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cuid ronna a n-anbhuain Éireann
ag rochdain a roicheimeann
as roinn re geirreannaibh ga
beimeannaibh croinner cródha.
2 Cleachta forráin is foghla [480]
éigean d’fior a hagallmha
an gheiginnse lér loigh Lu(i)gh
goimh a heigin(n)-se d’iomcha(i)r.
3 As rith eich a n-easbadh sréin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nó as snámh go hiochtar aigéin
buain re gairm frosmha[i]gh[e] Fáil
gan snaidhm amhsoine d'fagháil.
4 Ní rannt̲ar acht̲ re rodhóigh
imreasan phuirt Pharthalóin
le sníomh reann̲ re ciorrbhadh cneas
eang ar nár sealbhadh suaimhnes.
5 Do roinn̲ ghaisgigh fuair gach fear
a chuid d'aoibhneas fhoinn̲ Gaoidheal
gan spairrnn̲ gan éigean a n-ágh
a gairm ní héidir d'fágháil.
6 As éigean d'fior a thabhaigh
bheith úmhal dá haradhain
is cruas comhloinn̲ cháich do chlódh
a *ndóith gach f[h]órlainn̲ d'iompódh.
7 Cia an t-aoineach dá hóighribh féin
fuair d'iocht̲ ó Éirinn̲ fhóidréigh
buain re finnleasa[ibh] a fonn̲
gan cruaidh imreasa[i]n d'fulong.
8 Ní fhuair Conaire ná Conn̲
ná Art ná Cormac Cualann̲
gan dochar geirreann̲ is greas
sochar Éireann̲ ná [a] haoibhneas.
9 Cairbre Lifeachair flaith Fáil
níor shámh dho ag díon a chonáig
mór ccéimeann̲ nár aoibhneas d'fior
fá bhraoinlios Éirionn fuair-sio[n].
10 Niall Naoighiallach na ttreas tte
tarrthaigh sé ag súr na críche
a luagh giodh eigion d'fisigh
duadh nách éidir d'innisin.
11 Eoghan is Conall calma
cogna[i]dh ratha ríoghTheamhra
tar dhóigh a ccomhlann̲ 'sa ccean(n̲)
dóibh fá dhoghruinn̲ a dhíd(h)ean(n̲).
12 Gá dú dá n-áireamh uile
lucht ceannais chláir Laoghaire
ní gníomh nách fua(i)robair d'fior
ríomh a bhfuarada[i]r d'éigean.
13 Do cinneadh le Maol Muire
ar nós aicme hUghoine
giodh ródhocair céim 'ná ceann̲
béin/léim fá anacail Éirionn̲.
14 Leanmhuin seinshlíghteagh síl cCuinn̲
do mheas áirsigh crú Críomhthuinn̲
cosg teag(h)mhála cháich fá cceann̲
a lámhr eadrána Éireann̲.
15 A bhrath suain iar seilg ttroda [481]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a n(d)-oiche ghairbh geamhroda
mainnear róighrín (?) reann a-nocht
d'fóiríghin[r] a heang n-éadrocht.
16 Fulang saothair seachna fleadh
seasamh fada ar chúl choirrshleadh
más é as uaim do Bhanbha Bhreagh
a tarbha uaidh ní fuígthear.
17 Ní chuireann tlás ná time
tar fheinnigh fhóid seinFhinne
freasdal gairbhfheadhma gliadh lonn
le hairmealbha fiann eachtronn.
18 A mbéal an toraidh tárla
dó cur re clár ríoghBhanbha
's an tairrngire ag teacht dá thoigh
fá phort n-ainglidhe nUisnigh.
19 D'ua Mhaoil Mhuire mheic Murchaidh
gíodh cúis éigne as árdchonfaigh
a sheal neamhshóidh gliadh is greas
budh rian fleadhóil go bhflaithios.
20 Do-rin[n]eadh dá dhreich dhaoineadh
d'furtacht sleachta seanGhaoidheal
tóimhseoir re tómhas na ccath
dóirseoir dhoiris na deacrach.
21 Ionann baramhuil bhíos dó
tré fhulang éigne is annró
le goimh fórluinngleó gach foinn
's do Choin cómhluinnbeó Culoinn.
22 Mar sin do bhí feacht eile
Cú Eamhna ag lot laochraidhe
'na aonar ar anbhuain ccath
ag saoradh armshluaigh Ulltach.
23 Ultaig acht Cú na ccath mear
tuitid a ttroimcheas naoidhean
an uair-sin is níorbh é am
guaisnimh don té no-s tarrthann.
24 Tionóla[i]s inghean Eachach
go cóigeadh Ír iochtbhreathaig
bheithre ré horchóidibh eang
cheithre hollchóigidh Éireann.
25 Cosg deacra an toicheasdail thruím
do faomhadh le Co[i]n gCulainn
níor chéim saor cómhlann na Con
trér fhaomh don fhórlann d'iomchar.
26 An toisg ar a ttáinig(h) sin
Meadhbh inghean Eachach Fhéiligh
fáth doidheagla dá gnúis ghloin
cúis oigheadha dá hógaibh.
27 A rinn ghaisgidh muin ar mhuin

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

tuitid le Coin (n)a[n] (c)cleasraidh
dá aonláimh tall a ttrodaibh
claonbháigh ann do íocadar.

28 Ón Choin níor fhill an uair-sin
neach d'uaislibh ná d'anuaislibh
nár theith re róghráin a reann
dá chéim anbháil an t-inneall.

29 Ar n-eirghe d'Ultaibh ón cheas [482]
sraonaid féin 's an Chú coímhdheas
cath mór céadfadhach fá a cceann
ar shlógh eachtghonach Éireann.

30 Mar sin tráth thiocfas as-teach
fear cogaidh chríche Luíghdheach
idir fhóir Ghall is Ghaoidheal
as ám cóir dá chómhaoidheamh.

31 Cu Chulainn céadna chláir Breagh
Mac Suibhne marbhthóir míleadh
cosg goimhfheadhma Gall a ngoil
bann is croidheamhla a ccliathaibh.

32 Cuirfid a-raon re-roile
Gaoidhil is triath Toraighe
do chur catha air ghléire Gall
dá racha Éire ó fhórlann.

33 Mac Donchaidh meic Mhaoil Mhuire
dóirseoir beárna baoghluighe
an raolta dán dú an dochar
an Chú chéadna ar chathughadh.

34 Dul fán eire is barr Breagh
ní mór do mhacaibh Míleadh
d'feidhm athardha go sníomh sleadh
do dhíon athardha a n-aithreadh.

35 Cosmhuil do chách congnamh leis
do dhearbh dhóibh duagh is díograis
do sheas sé a ngeasa a ngomhairc
a ré a cceasa a ccóntabhairt.

36 Níor chleacht sé saor an beannach
codla[dh] ar chneadh nÉireannach
fuair ágh sírsheilge ar a shon
do chlódh díbhfeirge Danar.

37 Cuirfe(a)[i]dh cách leis do láthair
nách tiosgadh tonn iombáthaidh
ó fuair geall a ndéanann di
tar cheann Éireann an uair-se.

38 Mór leacht laoich as a los-sin
ag tóirneadh treas n-anbhosaidh
do mheabhaidh guaisneimh a ghal
ar feaghain duaimhseigh Danar.

39 Minic tug teannaíl tinntigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

dar sgé orchra ar fhirminntibh
do fhoillsig ann dá fholtaibh
ar dhoirsibh Gall gníomhfhortail.

40 A dhúsga[dh] feithmheach fada
ag cosnamh chláir Cearmada
do mhínigh na docra dó
ar chíghibh ochta an annró.

41 Gach guasacht gabhaidh gach goimh
dár fhéach flaith cinnmhóir Maghai[r]
fáth soimheanma *do ghnúis ghloin
bá cúis roimheadhra a rochtain.

42 Mac Síli díonghoin deacra
príomhshail bhuinn na beoghachta
cosg anbhuana a ghart 's a ghoil[r] [483]
garbhghuala re gort Gaoidhil.

43 Fear cabhra críche Conaill
laoch dár labhair caomhCholuim
dráig dhíoghaltach gan ghrádh Goill
fíorUltach le clódh cómhloinn.

44 [Is] maith do thuig Maol Muire
guasacht Banbha braonghloine
fáth deaghshlua[i]gh don tí do thu[i]g
ní sgáth d'anbhuain [í] ar aonchuid. Cuid ...

134

Cúig cáis 'na raibh Muire mhór
[RIA 8 (24/L/6), 25]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Cúig cáis ina raibh Muire mhor
dá chás díobh nac doil[i]g dhúinn
fá mar fuarus dísle an sgéil
do-bhéara mé díbh-se an iúl.

2 Simeón fáidh do tharrngair sé
páis Dé go ttárluig ar úigh
ag so an cás lér thréig í
gur ghoin an cloidheamh croidhe na cumha.

3 A ccathair Ierusa-lem [26]
seal dá iarruig Muire bhúidh
máthair an leinbh fá bhrón
cás mór nuair d'imthig se múgha.

4 Na hIobhail dá tholladh an treas chas
is dá chur a ccroich mur nár cubaidh
leór péine cholna na ngrás
ó a chéile ag tarrang a lúith.

5 Allus goine an croidhe
síol Adhaimh uile níorbh fiú
an taobh do deargadh dá dheóin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

an Saor lér dealbadh gac dúil.
6 Muire go direoil ar uaig
cás cruaidh níor philóir nár phúir
sin an cas lér goinedh í
ar ccur Rígh nimhe fá úir.
7 Do-dhéan dá mac is don Óigh
dom bhreith don teach a-tá ar m'úigh
d'fhághail radhairc fhlaithis mo rígh
trí roinn nó ceathair nó cúig.

135

Cuimhnigh leat meise, a Mhurchaidh
[RIA 1387 (23/O/78), 41]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cuimhnigh meise leat a Mhurchaidh
a sgéith chorcra chomhurthaigh
cia ar narb feallta dhot h'uchd mbog
ad phurt da ndearntha dearmod.
2 As e ar ndearmad dod dhreich mhoill
gan t'aoibh d'fagháil go n-iarroinn
ar na clíaraibh gidh gnáth gráin
ní sgáth gan íarraidh mh'anáir.
3 Feach leat an leathtrom an roinn
a Mhurchaidh I Maoil [Fh]abhoill
ní dho gach cléir a chíabh lag
's do chlíar bhudh-dhéin do dhearmad.
4 Nir dhearmadais doiligh leam
acht mise d'éigsibh Eireann
a réalta Ghaoidheal cá gráin
fár dhéanta aoinfhear d'fágbháil.
5 A Mhurchaidh Clíath caithfidh me
cumann nua ré neach eile
fam dhearmad daoibh tar gach ndroing
do sgaoil ceannghad ar ccumoinn.
6 Ar ndáil na dighe reachta
ro-m gabh réd ghnúis naoidheanta
ót éarla fiar craoibhréidh cas
treall am aoinleim dho fhóbras.
7 Fillidh bhur n-aigneadh uainne
ód-chíthí cléir n-éanuaire
do luathaigneadh do mhear me
o nuachaidreamh fhear oile.
8 Do mholadh móide dho-niam
a ttabhrae dhamh do dhímhiadh
créad acht bualadh fhir[r] uallaigh
[i]s ní ar uamhan t'anuabhair.
9 Na beir orm a fhir Dala

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

breith acht mar bhias mh'ealadha
ar meas ni móide bhus tearc
ná meas fá m'óige m'foirfeacht.
10 O bhias bhós a bárr na lúb
ceard óg ag an fhear shean-úd
gidh bé ara ccinnsiom lé a-le
ni hé sinnsior as sine.
11 Ag sin tu 's(a) as tugtha dh'aoidh
ni fhuile acht a n-aois mhacaoimh
is ni fhoil a bhile Breagh
sine ar ghoil tar dho ghaisgeadh.
12 Feidhm laoich an lá bhus deabhuidh
ort is tú a n-aois óigleanuibh*
a throigh réidh bhróigshleamhuin bhog
ni céim óigleanuimh agod.
13 Ni chuala sinnsior go se [42]
do dhul tort a thúir Mhúisre
mo do-cuas léd chéibh leabhair
céim suas tar na sinnsearaibh.
14 As é an t-eineach a fhir Breagh
ro-d chuir ós cionn do shinnsear
ag so ar ngeall go horlamh as
nach d(e)arnadh earr budh iarmblas.
15 Maitheas na cruinne a chneas seang
fágbhuidh an fear nach caitheann
ni an gan dol muin ar mhuin
don chrodh acht an bladh bhrontuir.
16 Ni dílios duit a-deir breath
crodh acht a ccuire ar th'eineach
dílios dod bharr glan géagchas
an cradh an tan[n] tidhléacfas.
17 An conách a chiabh na ndos
re a sgaoileadh as eadh fhásas
ni soicheilte son mar sin
roiteirce an crodh nach caithtir.
18 Do-bheir Dia ni *doirbh an bhreath
da gach neach do-ni an t-eineach
a mheic ghroidhigh bhuig Bhaltair
cuid an oinigh d'iomarcaidh.
19 Sgéal beag agum uime sin
do-chuala meise a Mhurchaidh
a thoradh go ttí ar mo sgéal
ní ar an ndomhan ni deimhnéamh.
20 Lá dhá riacht Brian an bhrogha
do mhíolradh bruaich Bóramha
nir lean is ní locfadh áth
an fear achd ochtar oglách.
21 Do sgar toisg éigin oile

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

re a ochtar Brian Bóroimhe
tarla ar ttriall na ngiolla nglan
Brian Sionna gus an Saoghal.

22 Beannaigheas do Bhrian Teamhrach
’na óglách ard ildhealbhach
da ríar go heagnaidh umhal
freagraidh Brian an beannughadh.

23 “Cia thú no cá tír a mbí
a óglaoigh” ar an t-ardrí*
“tánag rúaig ar a bhfuil fáth
ná-m cuir uaid” ar an t-óglách.

24 “Me an Saoghal nach seachnaid fir
a mheic meic Lorcáin Luimnigh
mor dho bhiadh dhar seachna sonn
rian deabhtha gin go ndearnsom.”

25 “Fada a-nois a Bhriain Bhanbha
a-tú a n-oirchill t’agallmha”
“maith an uair” ar céann ó cCais
“uair budh fhearr nocha bfhuarais.”

26 “Ag súd an toisg thug a-le
meise a rí Eireann aoibhne
fiaghail ar t’feile o nach éir
d’iarraidh céile dhom choimhréir.”

27 “Ni as mó ina iasacht ní fhuil
ag aoinneach d’fhad a shaoghuil
mairg a fhlaith na ccleath ccorcra
nach caith an t-each íasochta.”

28 “As me an Saoghal a Bhriain bhinn
a-m caith agus ná[-m] coigill
na coigil mé a fhlaith o Luirc
as é mo mhaith mo mhalairt.”

29 Do reac an Saoghal sona
é fein re Brian Bóromha
nochar íarr fíach dhar iarr fear
ar Bhrian (a) cCliath acht a chaitheamh.

30 Do chaith Brían barr an aonaigh
bhréig ndiombuain an drochsaogha[i]l
ni thug an fhlaith ailseadh inn
táirseadh ar chaith re a choigill.

31 A-niú ni mhaireann Brian Breagh
táirnigh an crodh nach caithtear
beó a bhladh is budh beo go bráth
ni mhar acht mar cheo an conách.

32 A Mhorchuidh Ruidhe an ruisg glais
cuimhnigh an chuing do ghabhais
óir nacha mbí a bharr na sreath
ní as ní ánn acht an t-eineach.

33 Bréag na heich ’sa[n] t-ór buídhe

Royal Irish Acad. / Trin. Col. na Tríonóide, TCD

’s na cuirn a chinn Musgruidhe
bréag a fhlaith Bhearnais na ba
an mhaith nach dearnais déana.
34 Bás nach eagal dod chuid cruidh [43]
a mionchaitheamh a Mhurchaidh
caithfe a robhladh is a rath
ni hadhbhar t’aighthe d’ionnlach.
35 Ni bhi th’ór ni bhid do bha
ar taisgidh ceall na cófra
ni hionnmhas cofradh na ceall
th’ionnmhas ar orchradh nEireann.
36 Gidh be duine a-deir rut-sa
nach fuil ionnmhus agut-sa
a-ta a losaibh do chleath cclas
is a ccosaibh th’each th’ionnmhas.
37 Ór ni choimheadae na crodh
a Mhurchaidh Gréag na ngealchon
fiu an crodh an téachtghnaoi-sin tug
gan chor éantaoisigh uasud.
38 Ni chreidim gan da chroidhe
a fhlaith mhéirsheang Mhusgroidhe
croidhe cruaidh is croidhe bog
gan bhuain re ar-oile ionnod.
39 Bidh agad re haghuidh nGall
croidhe nach cruaidhe an t-iarrann
’s croidhe réidh nach cruaidh um chrodh
an uair as béin re bronnodh.
40 Croidhe bog ag bronnadh each
ionnad a threoin na ttaoiseach
bidh an uair oile a n-iomghuin
croidhe cruaidh a ccaithiorghuil.
41 Do chreacha um Chorcaig na ccladh
cruaidh chosantar bog bhronntar
neamhchruaidh gidh cruaidh do chroidhe
fa chreachbhuaibh chuain Chorcoidhe.
42 Do-chuaidh th’eineach a fhir Chlíach
a bhféile le fás t’ainbhfíach
a ccruas le gealgha dhod ghuin
dho-cuas gud mheanma a Mhurchaidh.
43 A Mhurchaidh Í Mhaoil Fábhuill
as geal bas a mbreaclamhuinn
acht dul uaid do mhuin mhuirne
ni fhuil ruaig nach rachuim-ne. Cuimhnigh ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Cuimhnigh sochar síol gColla
[Trinity 1340 (H.3.19), 35v]
[Deibhí, Ógláchas]

1 Cuimhnigh sochar hsiol gColla
gassraidh laochda Liathdroma
frith lá da cuma don chloinn
mar (a-)ta sa rulla romoinn.

2 Cuimhnighi[dh] *bhoir bhfiacha fein
a chlanda Colla cneisreidh
dídean Eireand laimh do laimh
gan egraidh gan iomfhorrain.

3 Cosg Danar is duphshluagh dhibh
do neoch thig o thir do thir
dlighter do chloinn Colla cain
cosg da gcomhrumaibh cogad.

4 Gan lethbhreath do bhreith ar neach
ge mad maith no olc eineach
firinde eder tren is truagh
in gach aonach dia iomluadh.

5 Tosach is deirigh dhaibh
go cosgar no go comhdhail
no go ndingbud dibh imne
gan neach ’na gconclann choidhche.

6 A-[t]a dhoibh ’na euraic sin
do chloinn Colla Uais euchdaigh
lethghuala righ Eireann gan oil
a n-ionad oil no aonuigh.

7 Tosach suigidhti a dtigh oil
tosach cuirn tosach comhoil
tosach lepta ann imne
tosach foilce is fotraige.

8 Ni dleghar athrughadh as
ar chloinn Cholla is do dhearbhas
da suigit a dtig Temhra
ni is taoscca na a tiagurna.

9 Do chinn techt a hAlbain doibh
o chlannuib Cuinn i gcédoir
trian gacha cóigidh go ceart
dír na n-óigfear gan aimnert.

10 Caitheamh na hÉireann uile
acu ría gach n-aonduine
is a cosnamh dha ngaoltaibh
aco & iad d’eunaontaidh.

11 Luach impidhe gach *inghean dibh
dailtur dhoiph tria bhitha hsir
gan cengal a-mach don mhuigh
go mad cead dona Colluibh.

12 Trian gaca edala and
da dtiocfa go hiath nEireann
do chloinn Cholla leth ar leth

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a thapairt doibh mo dheaghb[re]ath.
13 Trian gach ceandaigh is gac cáin
dleaghait ar fheadh indsi Fail
dleagait o gach righ reabhach
ge mad Gall no Gaoidhealach.
14 Dar a rogha cuain gach con
ge ni fhuair gan adhbhor
ge mad rogha ro gac sguir
do is togha tuarusduil.
15 Comairce bliaghna gan breig
do chloinn Cholla na ndeaghsheud
a iodhlaca uata a mac
ge mad foghlaidh fionghalach.
16 Ionad Finn meic Cumhaill choir
dleaghait siol gColl meic Comhoil
o chlannuibh Cuinn Chathaigh chain
a chlann na gColla cuimnigh. Cuimnigh ...

137

Cuiream suas seanchus Laighean

[RIA 785 (23/G/8), 92]

[Deibhí, Dán Díreach; transmission very corrupt]

[Date of composition (1603) in qts. 79 and 85; poet (Tuileagna Ó Maoil Chonaire) identified in qt. 86]

1 Cuirem súas senchus Laighen
*cosmam clú na seanchuidh[eadh]
bheith da neamhchlos as na[i]r damh
sencos cháig o do cennchadh.
2 Tionsgnam tráth ós díom dlighair
airemh a nglún ngeinealuidh
cairt a senchusa sin sinn
na fir dhearbhtha-sa ó Dhuibhlinn.
3 A re n-aibidil do chor
sen[n]os do-chuaidh a gcleachtadh
fuaras nos neamholc mar soin
tós ag Gearolt re a ghao(dhu)ltuibh.
4 Tús airmhe as iontuigthe dhó
ó rioghruidh chloinne Connla
geg caomhchroinn an ghloir ghli[o]cgloin
do shaorchloinn mhoir Muirchertuidh.
5 Fir nar lia d'egnomh Erc(h)uil
mac Cathaoir *mhac Muirchertuidh
mhic Murcha[i]dh(a) Bhalloigh o mbioth
amhail ar chomhtuibh coigcrich.*
6 Do mheabhair ós mé do chuir
senchus deghsleachta *Donncadhaidh
a ndermad ní dual damh-sa

Roinn na Gaeilge, Coláiste Tríonóide, TCD

an sluagh neamhlag narach-sa.

7 Tós airme a fhirsleachta féin
mar go mbia (?) ar senchus soiléir
do Bhríanmhac Don[n]cha[i]dh dleaghair
gríanshlat Chonchair cairdemhuil.

8 Brían mac Don[n]cha[i]dh degmac Airt
*mac Don[n]cha[i]dh(a) airmhigh oirdairc
*mac Murcha[i]dh(a) *Ballach o mbioth
amhuil ar chomhtha[ibh] coigcrioch.*

9 Meic Muircertuidh mhic Dhonncha[i]dh
tug leis seda a Sagsonchuibh
gnath trén a gcomhdháil 'ga chloinn
freimh an ghabhlain ón gharbhchoill.

10 Na géga do ghin ó A(i)rt
Don[n]chadh Dall & Gerolt
crann ós fiodh gach duine díobh
do smior fhuile na n-áirdrigh.

11 Sliocht Ghearuilt orrdhairc *mhac Airt
croinn mhora lair an lubhghairt
mé leanfas a lorg go fíor
dom órd senchus na saoirriogh.

12 Éandamh ré a ris[h]leachta féin
Domhnall Spáinech gnúis ghlainreidh
deanam daighbheart gan d(i)uil uilc
do mhúin do ghlans[h]liocht Ghearuilt.

13 An Domhnall-sin dán dú to(i)l
dó fa deghathair Donnchodh
mac nar tuill tathaoir da fhuil
slat do choill Chathaoir Charruidh

14 Mheic Muirchertuidh fheil ordhairc
mhic Airt Bhuidhe bhriathairghlic
fer go bhfhiorfhoghluim seimh soin
mic ríoDhamhnuill reigh Riabhuidh.

15 As ann so tigid as-tech
sliocht Mhuiris m(h)aith re n-aireamh
meic riogh nar cáinedh um chrodh
a n-airem ós díom *dlíghther.

16 Do Dhíarmuid mhac Muiris Duibh
dlighther tabhairt a ttosoigh
mhac Díarmada mhic Muiris
gi be aguibh fhiadhfruidhes
mic Domhnuill gan toil do thred [93]
nar fhoghluim crodh do choimhed.*

17 Mo-chen don chloinn do chin uaidh
Domhnall Riabhach ri an mhorshluaigh
crann do bhean barr do gach fiodh
mo-chen an crann tré ar cuiredh.

18 As iomhdha ar fedh críche Cuinn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dearbhadh so ar deaghshliocht Domhnuill
craobh gheigeal cumhra da chloinn
darb éigin umhla is uirrim.
19 Filliom ar-ís tar ar n-ais
leanam a hucht ar n-eoluis
laoch bhorb fa fialbhuga ag fleidh
lorg Dhíarmuda mar dlighther.
20 Ós tsliocht Dhiarmada as da chor[a]
tabhram tosach do Murchadh(a)
mhac Brian fa cara don chléir
mhic Cathaoir echtuidh airmgheir
mhic Airt *airgech iath dar gheabh
nar iarr cairt acht a chloidhiomh.
21 Mhic Diarmada na ndúas mbog
nach dlighther duinn do dermod
ua na ríogh gan scís re scoil
do bhí fa chíos do chlíaroibh.
22 Mhic Diarmada uir oile
mar tá san réim rioghruidhe
seim dhéidgil ciallmhar gan cheilg
reidh níamhghlan léidmher laimhdh[e]irg.
23 Meic Gearuilt fa glic gcomhraidh
eo Bhearbha an chuain chubharbhain
mic Airt crobhuing na gcraobh ngeal
claon ní fhogh(l)aim san airemh.
24 Mhic Airt mhoir go gcaoimhe gcneis
mhic Muirchertuidh mhic Muiris
mic Muircheartuidh mhic Domhnuill
laoch gan obadh anforrluin[n]
mhic Domnuill gan tol do thred
nar fhoghluim crodh do choimhed.*
25 Na heirgem bhós don bhealach
labhru(i)m ar fhlaith Cinnsealach
*biadh a úain féin ag gach fer
don chléir ós uair da n-airemh.
26 Art mhac Díarmada an ghloir gloin
mhic Eamuin Duibh mhic Donncha[i]dh(a)
mhic Airt mhóir is mic Don[n]cha[i]dh(a)
nar dhóigh glic re a ngniomharrthuibh.
27 Mic Airt oile is mhic Dhon[n]cha[i]dh(a)
fir nach fagthaoi(dh) ar beagcho(i)mhthoibh
mhic Airt acht gi[dh] borb an bhreth
dar cairt a cholg ’sa chrao[i]s[e]ach.
28 Mic Diarmada a n-am ágha
na frioth fer a dhiongmala
mhic Tomois a ttocht da thoigh
léarbh olc dolás ar dheoraidh.
29 Mic Donchadha is mac Murcha[i]dh(a)

Royal Irish Acad. & Col. na Tríonóide, TCD

’gár ghnáth greda ar ghriantholcuibh
mhic Toirdhealbhuidh do thoill tol
re loinn ngoirmrennghla[i]n ngrécht[aigh].
30 Mic Enna dob fherr aga
oighre dílis Diarmada
claon n-iú[i]l ni dhubhramair duid
sdiuir do dubGhalluibh Díarmuid.
31 An Diarmuid-si tug tar tuinn
allmhorra[i]dh d’fios a fheruin[n]
fer roghraidh don ghleire Gall
tug Eire a n-orláimh echtronn.
32 Mheic Donchadha is mac Murcha[i]dh(a) [94]
ón Bhearbha *buiggheal *ghriantholchuibh
mhic Díarmada na ngníomh nglan
fa fialbhuga díol deoru(i)dh.
33 Mhic Don[n]cha[i]dh(a) mhóir Maol na mBó
fa terc laoch is e a n-aonchló
fíalbhogshlat far chrap gach coill
mac do Diarmu(i)dmh[a](i)c Domhnuill.
34 Mhic Ceallach go gcaoine gcuirp
mhic Cionaotha fhéil oirdheirc
mhic Cairbre nar bhaoth bearta
laoch go n-airde n-aigenta.
35 Mhic Diarmada nar dhiúlt scoil
mhic Aodha nar ob deabhuidh
mhic Ruadhghaluidh do thuill toil
mar chloinn mbuanbhladhuigh mBresoil.
36 Mic Onchon an aigne réidh
la tresa nar toill toibhéim
fa baothchoinghlic gleic re *guib
is *mac Faolchonmhic Faoláin.
37 Mic Sioláin na gcleas gcalma
mhic Eoghuin chaoich catharrdha
mic (na) Na-Thi fa teo a gclíathaidh
fa rí(gh) san ghleó ar Gallthríatha[ibh].
38 Mhic Criomhthoinn na gcolg *ddana
mhic Enna ua Labhradha
da gheasuibh gan uamhuin air
mhic Bresuil buadhaigh bhealaigh.
39 Clann Chathaoir *narab neamhla[i]g
ann so as é imdheaghluid(h)
la sluagh níar (?) cainedh an chlann
as cóir airemh a n-anmann.
40 Da dhos di(n)din gan cheill gclao[i]n
da chois iomchair chlann Chathaoir
cosa ba daingne na dair
Rosa Failghe & Fiacha[i]dh.
41 Fíacha[i]dh baicedha brath scol

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

cenn na laoch ó Loch Garmon(n)
dobu leo Nás mar gach nert
ceó gur fhás ara n-oighrecht.

42 Mic Cathaoir mhóir mic Fei[dh]lim
righ Banbha an bhruaich bhlaithreidhshlim
is mac Corbmuic gealta gao[i]th
fa healta oirdeirc fiorlaoich.

43 Mhic Nia Corb mhic Con Chorb
mac do Chonchubhar chathbhorb
mhic Finn fileadh fa caomh cruth
lear tileadh da thaobh *Teamhruidh.

44 Mhic Rosa Ruaidh ri[o]gh Laighen
'gar gnáth re hucht fhoghluighe[dh]
gaoi ceannghlasa fa tinn te
mhic Ferghusa Fhinn Fairrge.

45 Mhic Nuadhad Necht mhic Sedna
siothbhu[i]c ghloirghlic ghnuisdeadla
righ thoicim an suirghech séimh
mhic Luighdhech Loithfhinn lainthréann.

46 Mic Bresoil bheoighníomha Bhric
'ga(r) raibhe an fhíalchlann oirdheirc
laoch tromdha ó thula[igh] na bhFhionn
Connla & Lughaidh Loithfhionn.

47 Do roinn Breasal rioghdha an roinn
ar an dís-sin da dhearbhcloinn
*clár fhíonmhar tealachbhán tiogh
leathanchlár líonmhar Laighen.

48 O Bhearbha go binn Bladhma [95]
roinn as ferr fuair rioghdhamhna
acht ger cían ó Chonnla sin
comhla gur íadh re héilibh.

49 Fa leis ó Bhladhma mbeannglais
gi rioghdha an roinn tighernuis
go Port saor longmhar Lairge
re taobh bhfhonnghlan bhfhuarfhairge.

50 O Bearbha go Binn Edair
an chuain chluthair chlaonghéguidh
seanchus claon ní cubhuidh liom
do fhaomh do Lughaidh Loithfhionn.

51 Leanam festa ar Bhresal Bhrec(h)
don dá thaobh is e i n-einchep (?)
mac Fíacha[idh] go mbioth mar bharr
gach [críoch?] re hiathuibh echtronn.

52 Mhic Oiliolla nar bhaoth breth
mhic Feradha[i]ch f[h]laith Laighnech
mhic Nuadhad mhóir mhic Allóid
mic Airt oirdheirc allannóg.
a chora a gcairt as cubhaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mic Modha Airt athrumuidh.

53 Mhic Criomhtuinn chalma chosgruidh
’gar(r) lía(dh) taoisech tuarasdail
mhic Feilimi[dh] na bhfhleadh sen
fer gach einimil d’feithemh.

54 Mhic Ferghusa urra an aigh
oighre Oiliolla Brecain
guais glic le harm[aibh] an fhir
mhic Labhruidh lan[n]ghla[i]n^{r} Loingsigh.

55 Mhic Oiliolla úir Áine
maighre senghlan saorShlaine
mhic Laoghaire Luirg na bhfhleadh
aodhuire ghuirt na nGaoidhiol.

56 Mhic Iughoin is mac Echach
ri(gh) Fod(h)la(dh) an flaith fírbrethach
ni bhía breg um rann da radh
crann *iar lia gheg is gabhlán.

57 Uaisle Laigen is Leith Cuinn
do chin uaidh ní hiúl mearbhuill
níor fhás tre chrann cnuas dob fherr
an chlann ar chrúas a gcéimenn.

58 Mhic Duach ladhruidh rígh go rath
mhic Fiacha flaithri Teamhrach
mhic Muiredhuigh séim seng[g]la[i]n
reidh *mhuireren mhóirmenmnuidh.

59 Mhic Siomoin nar sechuin cath
mhic Aodhan na n-arm bhfhaobhrach
agas mac Nuadhad Finn Fail
fa nua(dh)bhog tim ré tromdháimh.

60 Mhic Giallchadha an chrodha chaoimh
oighre Oiliolla olchaoin
slat don fhreimh griobhdha ghaolmhair
mhic Siorna seimh siorsaogh(ui)luigh.

61 Mhic Dein mhic Rothachta ruaidh
mhic Maoin dos díona an deghshluagh
fa mac d’Aongus Ol Mhuca
na sroll gcaomhghlas gcurata.

62 Mhic Fiacha[i]dh le bhfhrioth gach rath
seal da ré a rioghacht Temhrach
fada dhamh da ndioghluim sin
mhic Smiorgaill nar bladh breithir.

63 Mhic Aonbhotha an airm rennghlais [96]
mhic Tabharta[i]ch tiaghernais
mhic Folla lé a bfrioth fa a smacht
críoch na gColla ara chrodhacht.

64 Mhic Eithireoil ucht mar thuinn
do bhi ar Bhanbha ’na bhuachuill
slat don fhíorfhréimh ghnátha[i]ch ghlic

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mhic Ireil Fathaid oirdheirc.
65 Mhic Eiriomhoin mhic Mileadh
ó ttáid siol gCuinn gcnislíghil
’s ó ttá(i)d *Laighnibh da labhruim
ar fhó(i)d ainglidh(e) Iobhardhuinn.
66 Rugas liom go Mileadh mór
senchus Laighen na laochshlogh
iúl mearbhuill ní mé do ghabh
’s dó leanfuinn é go hAdhamh.
67 Mileadh féin ma[dh] áil a fhios
Galach dob é a ain(i)m *díoluis
la tachair dob amhdhoigh d’fior
athair glanshló[i]gh na nGaoidhil.
68 Fuair an laoch-soin nar loc spairn
Mileadh Espaine d’forainm
nior chóir cleith a anma air
tre[na] bheith calma a gcathuibh.
69 Iomdha a Laighnibh na learg nglan
dlighe mhic méin a atha(i)r
laoch calma ’na gcéill n-arsoidh
do réir anma an athar-soin.
70 Deaghshliocht Dhíarmada na nGall
lao[i]ch bhorba as buan[e] cumann
nar caill ar chreich no ar choga[dh]
beith sa ra[i]nn a rabhadar.
71 Fir nar caill ríamh ara righ
laochruidh(e) ogumhal ainmhín
laoch laimderg(hth)a na learg nglan
do dherg bainlearga biodhbha[dh].
72 As diobh-sin an drem nua(id) a-niugh
maith leantaoi lorg na sinnsior
do bhí roimh ag righ Sacson
dar chóir tír is tuarasdal.
73 Ní bás dó acht beathaidh bunaidh
crann beo an tí ó ttangabhair
níor chríon priomhchrann na ngeg ngeal
feg a fiorchlann da n-airemh.
74 Sibh-si an chlann dán senca[i]dh(a) sinn
’s as e ar bhfhreimh Lughuidh Loithfhionn
cia an Gall onar ghlac cumha
’s as e an crann Mac Murchodha.
75 Uaidh tangadar ar ttosaigh
mo-chen an crann cumhra-soin
crann géiggheal dob fherr don fiodh
darbh éigin geall na nGaodhul.
76 Da sencha[i]dh ni cóir a cheilt
do fhás ó aonchrann oirdheirc
fer coimhéda da síol sinn

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

foighega as díon ar doinnenn.

77 Ó Gerolt súas fada a fiodh
fuaras go macuibh Mi(o)liodh
dreimire as diorga ar gach taobh
d'einfhine rioghdha rochaomh.

78 Sa[n] dreimire úd ní fhuil
fusaide a lorg do lean(a)mhuin
troig acht mac riogh mar runga
slat chríon ni bhfhuil ettor(th)a.

79 Aois Rígh neimhe gus a-nos [97]
sé chéd dég derbhtha an senchus
is sé leithbhlíadhna le a luadh
gi drechníamh[dha] a *ghealghruadh [date 1603]

80 É mhúines an dúan-sa dhamh
gerb og é an uair fa rugadh
mac Dé ní nuaide na a-niogh
ré ré ar ndúaine do dhenamh.

81 Triar féinnidh fa ferdha gníomh
do-chúadar d'fios an air[d]righ
tar muir bhfhuair bhfhrao[i]chlionmhar mhir
uainn don laochruidhe léidmhir.

82 Iomlán ar uaisle na fir
iomlan *ndeghnghíomha is n-einidh[a]
fa hiomlán ar deilbh an dronng
dom fheidhm iomrádh a n-anmonn.

83 Domhnall mhac Murco[i]dh(a) dercghloin
is Gearolt mac Muirchertuidh
(i)s Brían mac Don[n]cha[i]dh(a) 'na dheaghuidh
glac o bhfhoghtha[i]r finemhuin.

84 Scríobhochar liom an litir
bia[i]dh se a gcairt ag croinicibh
an cion fuairadar ós fíor
nuamhogal d'fhiodh na n-air[d]righ.

85 San mbliadhuin-si as derbhtha dhamh
Eiliosa-bet bláth Sagson
fuair bás gan oighre gan fhior
doilghe an cas mar do creidiomh.

86 *Tuilgne ó thoil chroidhe
ain(i)m mhic Ui Maol Chonaire
do dhealbhuaim daoibh mar do dhligh
deghdhuain a laoidh(e) [ar Laighnibh (?)].

87 Foigheonuidh fós do bhar gcloinn
mar shed fíne as é [a] fhocaill
séd foirfe cia nuaidhe a-nos
ga coibhche as buaine eolas. Cuirim ...

Roinn na Séimic, Col. na Tríonóide, TCD

[RIA 744 (A/v/2), ‘Dillon Duanaire’, 22b]
An Muiris cédna cecinit [Muiris mac Briain Óig [Ó Maolchonaire], 21b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cuirfiod commáoin ar charaid
ferr ná foghnamh d’easgcaraid
roinn dár n-ana as í dhligheas
ós í an chara chuitigheas.

2 Gibé commáoin chuirfeas me
deacair dul oram impe
cía shénas nach somhmháoin so
comhmáoin bhéras tré bhiotha.

3 Ní *hairget ní hór bronnta
ní seóid shúaithnidh sháoghalta
dob áilr d’fhorráoin fhoghla
acht comhmáoin fhionnr ealadhna.

4 [Is] fiú a bfhuil d’anualach air
comhmáoin lúaigh Lúcáis Díolmhain
nach fáth cestt a dhligheadh dhamh
a measg fhileadh is ollamh.

5 O táid ag toigheachd ’na cheann
forgla ardéicceas Éireann
ní dlighthe dháibh nó dhamh-sa
do bháidh fhighthe fhírannsa.

6 Dó chuir sé ’sa[n] síol dá bfhuil
d’annsa & d’úaisle mbrondaigh
an charaid dar cheangal mé
araid mhealladh dar maicne.

7 Ceangal [riu na ... thaib fein?] [23a]
[Diolmhuinigh na ndreach ... ?]
[breug reid a roileighne greim?]
[d’feil ar bfóireighne ...?]

8 Ní gan adhbar subhail soin
[...] eangal [...] seachta [...]
d’úaisle an tslóig cha [...] coimsigh
toir a [.....].

9 Dom dhídean ar dhail ccorraigh
an c[et?]fhath far cheanglamair
lór do bhúainr bríogha a bruighin
lér ccoillr dhíona Dhíolmhui[nigh?].

10 Mo cheana ina (?) ar roinnsead ríamh
rér sinnseraibh sliocht Uillíam
da mbe [...] sa ní as lugha
[.....] gach ní a-nallana.

11 Da mbeith gan énfhath oile
leam-sa do fhlaith Máonmhuighe
nír éidir gan annsa dho
tré éigean almsa is aobhdha.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

12 Mór n-adhbhar narb fhuláir dhúin
comhmáoin dár ccaraid iontnúidh
[mhé?]ras do chuingidh chúain Dor
a thuillimh úain más adhbhar.
13 D'ísle a úaille d'áirde a ghníomh
dá dhúil do dhíochuir [fh]airbhríogh
níór fhéd si[o]nn gan soighidh air
do chi[o]nn oinigh is eangnaimh.
14 O táitt arna thabhairt dho
cach uile a haonbhun annsa
cía an nuibhir nach dtiobhradh toil
luighidh iollradh ar uathaibh.
15 Lamh chuirthe caigh le cheile
fer fuasgailte aimhreidhe
mionn tagaidh as teo n-einigh
cagail bheó nach baithfidhir.
16 Ardughadh aignidh gach áoin
ísliughadh olc fher n-antaoibh
fer taighdigh dimbríogh na ndionn
's do laighdigh imshniomh Eireann.
17 Lámh bhúailte gach buille cáis
ionmhain lámh mar laimh Lucais
lamh sgaoilidh na sed seanta
an gheg fhaoilidh inleanta.
18 Crúas ré cothughadh bfeadhma
buga a n-airrghibh oireaghdha
lúas a gcéimibh fann dhan feirde
mall a ndéinimh díbheirge.
19 Soillsi rata an re iomlain
gan uamhan fher n-ithiomhraidh
gé madh namha neach ar sin
meath ndala gur dhidin.
20 A [dt?]rei[gt?]he a n-agh a n-oineach
uaisle chru chlann nDiolmhaineach
fachuin graidh dar gealladh sinn
ni ceangal a-mháin mhaoidhim.
21 [...] sé a bfuil d'easbaidh orra [23b]
comhmáoin go bfhios bfoghlama
ógbhaigh Dhroma lomsháoir Luin
a ccomáoin orra as ionchuir. Cuirfiod....
22 Do-dhenam síth le Siubhain
madh áil don [a?]ig imealbhain
an feadh bheam ré-roile a rann
a gceann na toile tugsam.
23 Ó nach bféd foille ar máoine
cúitiughadh ar gcomhmaoine
bíaidh leam gén gur díor damh-sa
an díol as fhearr agam-sa.

Roinn na Sean-Teanga, Col. na Tríonóide, TCD

24 Cráobhsgáoileadh a ciné[i]l sin
foillsiughadh féile a sinnsir
grían na rélann dá rúa ar ttoil
do-dhénam d'úa na n-íarrladh.
25 Urusa dhúin dioghrais iuil
do chumadh da cruth taighiúir
ar mbanfhlaith sháor mhná ós mnáibh (?)
a-tá gach áon dá hadmháil.
26 Máoidhiomh a maithiosa so
ní háil linn a los annsa
gé tá follas ag gach fear
comas na mná ré a mháoidhiomh.

139

Cuirfead comaoin ar Cloinn Táil
[RIA 1080 (B/iv/2), 85v]
Maoilin Occ Mac Bruaideghda cecinit
{Tadhg (mac Dáire) Mac Bruaideadha}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Cuirrfet cummáen ar Cloinn Tail
iarsma Miledh muir Gabráin
d'iul chíallaidh nach cláen ffesa
diamair a ccraobh ccoibhnesa.
2 Fuicfet aca i n-íoc a séd
coibhge as cosmail do choimhét
ealta glanslúaigh o ngealCais
daghduain senta sáersenchais.
3 Mor ccerdca 'nar chuir meisi
d'iarraidh iuil na foirne-si
na righfir do fhreimh Shadhba
ceim tre línibh leabhardha.
4 Go hAdam ccianáesta cclaon
cuirfett ni haignedh ammáel
lorg firbhech fola na mBrían
do mínlech moighe Maicniadh.
5 Budh é an deghmac-sa Domhnaill [86r]
nach maoth re hucht anforlainn
lamh nemhthais na ngeccmur nglan
cedghlún sencais dá slonnabh.
6 Foirfidh sé ní seol diomdach
tabhram tús do Thoirrdealbach
damhraidh occ lesa Luimnigh
an ces-sa a ttat TuadhMuimhnigh.
7 Ua Concobhair cruth failidh
dlighim cuma a craobhscaoilidh
neach mar é as deghfothain damh
me d'ealathain a ollamh.

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

8 Ocht ngluine decc go ndeghrath
d’feruibh toghtha o Thoirrdhealbach
go Brian fíorbhunadh na ffer
d’fíadh míonMumhan na Miledh.

9 Cuirfet rompa ni reim cruinn
oighre diongmála Domhnaill
an tslat a corrthulaigh Cliach
mac Concobhair ar ccaoimhtriath.

10 Toirrdelbach terc a shamhail
dob é athair Concobair
ardslat far at an fhiodhbaidh
mac do Thadhgmhac Toirrdealbaigh.

11 Ann-so dedhlaid re Dal cCais
sliocht Mathgamhna Daill dearcglais
gasradh mhenmnach ghiolla ngrib
tar sensruth Sionna sínitt.

12 Brian Catha an Aonaigh iomghlain (?)
athair tuillmech Toirrdelbaig
triath o cCais nach bladhadh bhoid
as lais do gabhadh Geroid.

13 Ann-so dhedhlaid co ndeighceill
siol mBríain Baile Í Ghiridéin
lucht airccne na siodhbrugh seang
is rioghradh Cairrge o cCoinnell.

14 Mathgamhain na ttres ttromdha
athair Briain meic Mathgamhna
rucc síos ón ngeccbharr a ghnáoi
do cédrann cíos na cunttáoi.

15 Ann-so sccartar scciamhdha a ccruth
siol mBriain céillidh na ccomrach
drem do shaothraigh glúin re glíaidh
risin laecraidh úir d’Finncliaigh.

16 Sloinnfet niba snaidhm decrach
d’eis Mathgamhna Muirchertach
nár comraicc fa mín Mumhan
tar thír ttonnbuicc ttuadhMumhan.

17 Sgaram ann-so re Cloinn Chuirc
Donnchadh Boirne an bháis orrdairc
gasradh armruadh i cceann cniocht
daghsluagh na ceall a chaeimhshliocht.

18 An Muircertach-sin mhúir Bregh [86v]
mac Toirrdelbaigh do trenghabh
mac Taidhg Cáoil Uisge na n-ech
na puirt-si im Láoigh im Luimnech.

19 Tucc an Tadg-sin cuairt cosccair
dá chéd each d’ainm tuarustail
don tsiol cCuinn-si im Cáol Uiscce
nír cuimmsi an cáor comhruig-si.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

20 Sliocht Briain Ruaidh na ruathar tte
a-nois dedhlam an dreim-se
tíad ar fuaccra tar sruth soir
ní a ccruth chuarda do-chuadoir.

21 Tadg mac Concobair cloidhmigh
on tSiubdain aird fhionnboirnigh
slat cosnaimh o cCobtaigh sin
mac Donnchaidh cobsaidh Cairbrigh.

22 Bloidigh Mumhan na maoineadh
as so as cóir a ccraobhsccaoileadh
on tsiol mBriain on Greanaidh gloin
nachar dhealaigh re ndútaigh.

23 Lenam co hAra uchtglain
sliocht Domhnaill caoimh Connactoigh
geggeal Gabhra na nglaisdearc
céidfher tarla i tánaisdecht.

24 Mac Domnaill Moir co móid mir
ri dedhenach Cláir Caisil
ré lán ar ar gabhsat Goill
clar frasbocc Té tar tórainn.

25 Lais do toccbadh druim ar druim
ocht mainistre decc derbhuim
mac riogh ris nar tharbha tenn
do dhíon a anma ar iffrenn.

26 Do dherbhraithribh Domhnaill Moir
Consatin nar cleith (i) ccanóin
*fir nar fann brigh im boiccsín
as día shíol Clann Consoidin.

27 An Domhnall Mor-sin nach mar
mac Toirrdelbaig triath Mumhan
mac séin Diarmada Dáeinigh
dob fíalbucca im iolmhaoinibh.

28 Mac Toirrdealbaigh far cláon coill
or s[h]íolsat an dá sháorcloinn
Clann Taidg fherrdha i n-am fhoghla
is Clann mherrdha Mathgamhna.

29 Mac Taidhg do dhicenn Donnchadh
echt narb feirrde a sobhorthan
clar fádglas Felim o shoin
fágbhas Eirinn don fhionghoil.

30 On Donnchadh-sin deghmac Briain
foir Cuanach nar ob airmghliaidh
da ttriall ni thabhratt turbaidh
'san fhian armghrod Ethurlaigh.

31 Do slioct Donnchaid fos feghaidh [87r]
Pueraigh is Ploincedaigh
laoich toghta na bfonn bfásach
'sa[n] drong armtha Iúsdasach.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

32 Fillem thra ar Thadg mac Briain
Bhoraimhe dreach mur doinnciaigh
meic Ceindeidigh nar maoidh muirn
co ccaoir seincceidigh siothguirm.

33 Do bí an Brian-so os Banba Cuinn
einghein tsochair sil cConuill
gormfhonn diamhair na séd sídh
da bliadhain décc ’na deighrigh.

34 Enrí corónta ar crich Bhregh
ní raibhe on trath do thuit-sen
i cCluain Tarbh far fochrom fiodh
o spairn Lochlann is Laighion.

35 As e do bris caoga cath
dár chuir Brían buabhall Temhrach
gaill na n-innsedh tar sál soir
ar ar ling-sen clár Cobhthaigh.

36 Ceidfer do chum na sloinnte
Brían na ccosccar ccomhlainnte
tuar menma do mhuigh na bFionn
’s do chuir lenba re leighionn.

37 Echthigern sinnsior cland cCraith
do cloind Ceindeidig ceimdaith
drem sin d’ollamhnuibh Clair Cais
on Maigh mborrabhlaigh mbraonghlais.

38 On Ceinneideach-sin as leir lem
síol cCeinneidigh ní cheilfem
da n-áitibh a n-eng turaidh
drem do aitigh Urmhumhain.

39 A-nois cuirim o Cloinn Tail
mec Con Cairrge is Í Beolláin
cia an uair-si dob aipce im reir
d’úaisle na haicme íad-séin.

40 Mac Lorcáin Locha Deircc deircc
meic Lachtna co lain derdeirc
meic Cuirc meic Anluain armgloin
an phuirt crandruaidh caomharmaigh.

41 A-nois bhuailes reim co rath
brathair Ceindeidigh cosccrach
craobh na tTadhgaicme o thigh Táil
ór chin ardaicme Ó nÓgain.

42 Mac Mathgamhna dorcla ded
meic Toirrdhelbhaigh an troimgécc
meic Cathail meic Aedha an aigh
craobha an achaid[h] on fhionnMháigh.

43 Meic Conaill nar chumhdaig ce[i]lg
meic Eachdac buidhnigh baillde ircc
meic Cairthinn fhinn troid as teo
meic Bloid nár fhill ó áeinghleó.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

44 As sin sccaoilit co scéimh n-ait [87v]
Ui Dedhaig foirne O bFermaic
’s Ui Cuind cosmail a n-iomradh
gasraidh fhuinn O nIfernán.

45 Mág Cochlain na cóicc ndelbhna
don craoibh cedna an caoimhelbha
sliocht Delbhaoith as mín muighe
tar tir ttennmaoith tTradraighe.

46 Síol Áedha na n-echradh sidh
ar triocha céd O cCaisín
do slogh Caisil an clair bhuig
leis an Dail cCais-sin congnuid.

47 Tír Bhenncorr as blaith fiodhach
an triocha fhinn oirterach
daimh na tana co troid mir
d’Ibh Bloid as cora an crich-sin.

48 Fine Cais na láidheng luath
ni biú ag fodhail a fortuath
sluagh seimh as eachgrod uidhe
lenfod don réim rioghraidhe.

49 Mac [C]ais o ndubradh Dal cCais
meic Conaill eachluaith fionnbhrais
drem gan cuibhrech im chend ccruidh
meic Luigdech Menn on Mumhain.

50 Meic Aengusa teinn tirigh
meic Fir Cuirb an caithmilidh
meic Mogha Corb ós dá chur
lorg a fhola go hAdham.

51 Meic Corbmaic Cais caor abadh
meic Oillella ór fhásadar
síl Eoghain síol Céin is Cais
a riomh as dom céim condois.

52 Don tsíol cCéin-si ni cuairt gerr
foir Luighne laochradh Gaileng
is Í Cerbhaill clair Biorra
laimh re gealmhuing goirmShionna.

53 Do shliocht Céin aobhdha fhosaidh
Í Chobha is Í Chathasaigh
slogh síodh na senmhagh-soin soir
diobh merghasraidh Ó Mechair.

54 Do sliocht Eoghain Moir Muimnigh
on Máigh n-uaibhrigh n-eochairghil
co Cliodhna fonnbhain fledhaigh
iomdha a ngablan geinealaigh.

55 Diobh-sin gasraidh as gloine
siol cCartaigh cláir Musccraighe
fa tir co Tailldin uile
dib Cuirbrigh *acht Corcluighe.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

56 Sluagh O nEachac na ráon réidh
do clannaibh Eoghain íad-sein
’s mac righ Ealla an chladhfuinn caoimh
drema nar tadhaill tathaoir.

57 Diobh Í Dhondchada an daghaigh [88r]
is laoich dhorrdha O nDonnabhain
fir as lionmair lín tionáil
is riograidh síl Suilliobhain.

58 Síl Eoghain an óil medhraigh
ni bia(idh) me da minlenmain
an cháer min crannruadh churadh
as díbh daghsluagh Desmumhan.

59 Fillfe meisi ar Mhogh Nuadhat
Eoghan Taidlech tlachtcuannad
mac Mogha Neid deircc dhealbhglain
do threicc a fheircc d’ingenraidh.

60 Meic Deirgteinidh da derc corr
darbo comhainm Corb Aulom
da chuing tréna an teghlaigh caoimh
meic Enda medhraigh Mhuncaoin.

61 Enda Munchaoin nar muigh geis
mac Loich Móir meic Mo Febhis
géccc don fhóir Fuinedhaigh so
meic Muiredhaig Moir Mucno.

62 Meic Eachac Gairbh nar ghris scol
meic Duach duinn dallta Dedhaid
ba leis airgne fhuinn Eachaid
meic Cairpre Luinn loisglethain.

63 Meic Lughech Luaighne longaigh
meic Nía sochla Sedhamuin
frith daghurraidh linn dar láeidh
meic Adhamair fhinn fholtchaoin.

64 Meic Fir Cuirb meic Mogha Corb
meic Cobthaigh Chaoimh cruth nemhmborb
gnuis ghealtana go ngruaidh ndeircc
meic Rechtadha ruaidh righdeirg.

65 Meic Luighdach Laighde don linn
meic Eachac is meic Oilill
cairt Muimnech a chairt gan ceilg
meic Airt meic Luighdech Laimhdeirg.

66 Meic Eachach Uaircheis flaith Fail
meic Lugdech Iardhuinn adhnair
dá cheird gan éra éinfhir
meic Enda deircc deighcéillidh.

67 Meic Setna innarraidh fhuair
meic Breisrigh meic Airt fhionngluair
d'Érinn ga drong bud[h] docra
meic [Fh]elim oll Fhiannochta.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

68 Meic Roithechtaigh (an) rúin oinigh
mac do Roan rioghOiligh
*a-tu grinn áirmhe orthaibh
meic Failbhe fhinn iolchortaigh.
69 Meic Cais Chédcoimgnigh na ccnedh
meic Aildergdoit fuinn Taillten
meic Muinemoin srothaigh seing
is meic Cais Clothaig cuileind.
70 Meic Firarda o sioltar so [88v]
meic Roithechtaigh meic Rosa
meic Glais ferrdha núabhuig náir
meic Núadhait delbdha deghlaimh.
71 Meic Eachach Faobh[ar]ghlais fheil
meic Conmáoil cosccraigh craindréidh
senchus ceillidh cinn na bfer
meic Eimhir Fhinn meic Míledh.
72 As é an Miledh-so cep caigh
gen gur iomluaidh on Espáin
rioghradh co snasghloine slegh
fiorbhun gasraighe Gaoidheal.
73 Da chloinn don laochraidh luchtmair
Ír ó bfuilit fiorUltaigh
mór ffótt dar tharbha a ttionol
'sa[n] t-óg armdha Eiremhon.
74 Do chloinn Ír an fhuilt chlannaigh
na Conmaicne is Corcamuigh
dronga as fialoinigh re feis
Ciarraighigh lonna is Laighis.
75 Do chloinn Míledh gan moid cclaoin
d'Éimir Fhionn athair Conmhaoil
gruaidh griosbhog far atmair ioth
or shiolsat macraidh Muimhnioch.
76 Ith mac Breoghain beim os niort
sloinnfidh mé dhaibh a dhaighshliocht
cenn na críoch is soillsi snuadh
's ni don cloinn-si Íoth armruadh.
77 Do shliocht Ith an aignidh shoirph
Corc Laighde dan fledh fioncuirm
's as díbh Dartraighe co duibh
ni gartghlaine min Murbhaigh.
78 On ccetrar ba cruaidh fedhma
gluaisit Gaoidhil glanBanba
ni guais damh mh'eiliugadh ann
seinliubar glan do ghlacsam.
79 Míledh Espáine an fuinn gloin
deghmac Bile meic Breoghain
meic Brath meic Deadaidh daoinigh
nirb fedhain nar bforbhfaoilidh.

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

80 Meic Earchan meic Ealloid uaim
meic Nuadat is meic Nionúaill
meic Aghnoin Glais co nglasaibh (?)
frais daghsloigh an diorma-soin.
81 Meic Eimir Gluinfhinn Ghuinigh
meic Laimhfinn co laochbuillibh
meic Aghnomain meic Trein Taid
co cceibh ccladhbannaigh ccumlaig.
82 Meic Oghamain fa hard rath
mac do Bheoamain bhaoghlach
mac Eimir Sguit meic Sru ar sin
ni dú gan reic na righfhir.
83 Meic Esru mheic Gaoidhil Glais [89r]
meic Niuil go n-aiccnedh n-iomthais
meic Feníus Farsaidh fuair gen
as arsaidh uaim a airemh.
84 Meic Baath meic Magog mir
meic Iafeth meic Noe níamhghil
meic Laimiech gan tacha toir
meic Matha Saliem saoghlaigh.
85 Meic Enos fa húrglan iath
meic Iareth meic Mal-ailiath
meic Énóg meic Seth senda
fech ród ar an righealbha.
86 Meic Adhaim ór cinset cach
ráinic mé moide ar nemscath
an ghecc bhind fíorbhun gach fir
do díorgadh lind an lorg-sin.
87 Do airmes co hEimer Finn
o Thoirrdhelbhach glac gégslim
slechda coiccidh clann Mogha
coíccer ann is ochtmogha.
88 Cúicc glúine décc re ndedhail
is fiche glún gealaigh
tréd feindedh gan cruas im cradh
súas o Eimer co hAdham.
89 Eitir Adham anba an rún
a-tá se fichit fionnghlún
am dhúain ar ndénamh nuidhe
is rédhamh bruaigh balbhShúire.
90 Da righ caogad don craoibh-si
fuair Erinn gan éndáoirsi*
cinn an tsluaigh im báinlios Bregh
do airmhes uaidh co hEimer.
91 O thracht Sceilge na sgor seng
cuid Mhogha d'íathmhuigh Erenn
co hAth Cliath na ccuan roigheal
le sluagh Cliach an caomhoirer.

Roman Catalogue, Col. na Tríonóide, TCD

92 Toirrdealbhach thuillius nemhghuth
sósar na sé Toirrdealbhach
d'feraibh Lundann na sedh sluagh (?)
fer da ccumam an cáemhduain.

93 Do sioladh linn tre leabhraibh
ua Murcha[i]dh(a) meic Toirrdhealbhaigh
gescca foghlamda glac nglan
mac as Domhnallda deallradh.

94 Toirrdelbhach na ttachar tte
ua da iarla fhóid Maighe
léim tar tí ní tuillett úam
úa na ttrí nUillecc n-armruadh.

95 Ua Cais dar creittset Muimhnigh
ua Eogain Móir mionfhuighligh
do ling ó Luachair Dheadhaid
co Crúachain Fhinn firshreabaigh.

96 Mac Slaine na sirthead ttiugh [89v]
ua dá sinnser mac Miledh
da chraoibh fhola an fhuinn sccathaig
ua Mogha is Cuinn Cedcathaigh.

97 Rucc fad na haisnéisi úaim
nachar chuires im cháemhdhuain
do géicc Lí nach cinnte ccruidh
gach ní innti budh ionchuir. Cuirfet ...

140

Cuirfead so ionnad, a Aodh
[O'Conor Don, 217a]
Maol Mure mac Con Uladh Mic an Baird cecinit
{Eochaidh Ó hEódhusa}
[Deibhdhe, Dán Díreach]

1 Cuirfiod so ionnad a Áodh
da bfagham a bhas bharrcháomh
éinti fholamh it ghnúis ghil
as cúis omhain nach bfuight[h]er.

2 Bí ar do choimhéd cuirfe[idh] me
an laoi-si d'urchor úaim-si
a bharr tiombog na ccráobh ccorr
ionnad a Áodh da bfédam.

3 Decair th'amus úatha soin
ni ffuil fiú an urlaigh ionnaibh
gan frais do *mionlaoi molta
a *siodaighe brais bhelchorcro.

4 Ga fios nach aimeosuinn ibh
teilgfe[idh] meisi a Még Uidhir
frais dom gháoibh rannmholta ruibh
a sháoir armgonta éuchtaigh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

5 Ga cúis fá ccaigeóluinn sibh
ó thá tú a Áodh Mhég Uidir
at cherchoill fa cliaroib Bregh
tar merchloinn giallaigh Gháoidheal.
6 Éigsi Fódhla ó muir go muir
do-rinneador ráth áonuigh
dhíot a-mháin a Méig Uidhir
nó tráigh théid a ttathuighidh.
7 O táoi ríamh 's go núaidhe a-niúgh
at Roim éigios is áoidheadh
a thúirnem tnuidhe chláir Chuinn
duinne ní cair do chaguill.
8 Dála an ghiolla a grúadh mur suibh
roime so ré mnáoi an mharcuigh
cosmuil ruibh & r(o)innе
a thuir chobhsoigh chiúinFhinne.
9 San tír a ttarla an marcach [217b]
tig slúagh doiligh dioghaltach
nír ghíomh éinfhir comdha a ccen
[do] deinimh fóghla is airgnedh.
10 Ar an uair ccoirr da grúaidh ghloin
tarla an sluagh do mnáoi an mharcuigh
erla líneac na ccraobh ccam
sa[n] ráon direac 'na dóchom.
11 Do-rinniodur deóigh a [n]deóigh
in slúagh mor mana firleóin
toil menma gach áoin lerbh áil
leis an tsáoir ndealbhdha ndreachnáir.
12 Nirbh aiterrach ar gort ghlan
thig giolla a f(h)ir da feughadh
tar eis gach duine díbh sin
do luigh ag an mhnáoi méirghil.
13 Do ráid[h] an giolla ghniomh rod
"olc tra o tainig cugad
ad chogail nocha mbiú a bhen
ód-chiú aguibh gach áoinfher."
14 Don(a) giolla ger gniomh dana
fáoidhis lé a dreich ndonnmhalla
rath a gnáoi as casmhoil gur chuir
an tan-soin do mhnaoi an mharcaigh.
15 An slúagh-so chlíar criche Neill
meisi an giolla a gruaidh soilléir
tusa an bhen a tháobh mur thuinn
ro-d len [a] Áodh da hámhuill.
16 A-tá sibh-si sa táoibh thúaidh
mur mheirdrigh a mescc morshlúaigh
fa sgoil caommuighe chláir Breagh
nach áil áondhuine d'éimgedh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

17 Aitreach lem(h) ar leigios libh
a mheirdreach a Mhég Uidhir
gnáth libh-si comdháil it cenn
ag tromdhaimh innsi hEirenn.
18 Lé tri leithbliadhnoibh lór sin
a-ta meisi a Mhég Uidhir
a mesg súadhollam slúaigh nGrég
nach fuaramur úaibh énred.
19 Terc lém cheird acht meisi a-mháin
re bliadhuin féin fáth iomráidh
nech d'Eirinn nach bfúair bronnta
od grúaidh sheimhfhinn seghonta.
20 Cugad mur cléir cláir Logha
béra[idh] mé a mheic Nualadho
frais rann do recfuidhe ruibh
a bharr brecmhuighe Bennchuir. Cuirfiod ...

141

Cumam croinic Chloinne Néill
[RIA 785 (23/G/8), 97]
[Deibhí, Dán Díreach]
[Date of composition (1604) in qt. 23; poet's name (Dubhthach Ó Duibhgeannáin) in qt. 60]

1 Cumhain croinic Chlanna Neill
cenn Gaoidhi[o]l uile íad-séin
rioghruidh na sleagh gcrannlom gcas
tabhram seal ara senchus.
2 Senchus Chlann(a) Neill nar muidh mionn
an chlann-so os cionn fher nÉirenn
téid cnúas ós géig 'na ghasuibh
leig súas os na senchasuibh.
3 Fuaidhfed(h) le fidhe an dana
lorg an leabhair annala
dol da chuma as cosmhuil damh
an rolla arsaigh iulmhar.
4 Ga ceird is uaisle no as ferr
ar mes ealadhan Eirenn
treidhe na ngníomh as gloine
riomh na réime rioghruidhe.
5 Taisenfad d'Ó Neill a-nois
mo cheird féin fhis is eóluis
dar ngníomh cuma na cloinne
san rolla ríogh romhoinne.
6 Béaruidh mé an laoidh-si gan locht
go hua Coinn is Connacht
sduaidh nár as nemhthais ré nech
duain shencha[i]s(a) do dhán *díredh.
7 Mac Siobhaine slat fhailme [98]

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

’nar ndán do do-dhenam-ne
barr gealchas nachar goradh
senchas ann is adhmholadh.

8 Ón chedO Neill nochtfa[i]d[h] sinn
Niall Óg do uaislibh Eirenn
drem gan fhoilches mur aol ngeal
oirches go hAodh a n-áiremh.

9 Se bliadhna dég derbhuim dhó
oighre Neill Mhóir *mhac Aodho
gach ród fa rían na síne
do Niall Óg san áirdrighe.

10 Brian mhac Neill Oig nar ér nech
an dara O Néill náirech
tug maithes cháigh do chliaruibh
flaithes ’na laimh leithbhliaghuin.

11 Cóig bliadhna fithched fior sin
mac Neill Óig cenn an chóige[i]dh
an leomhan fa cruaidh confa[idh]
fuair Eoghan ó Eoghanchuibh.

12 Fedha rioghtha do riagha[il]
fuair trí fithchit fionnbhliadhuin
treinrio(gh)shlat maith ós gach muigh
do chait[h] Enrimhac Eoguin.

13 Naoi mbliadhna dó ’na dheaghuidh
Conn mac Enri airleabhair
beag nar riata tír Temra
don rí[gh] níata natharrdha.

14 Fedh coig bliadhna d’Einri Óg
ós cionn chlair Neill a-nallod
trén nach infhedhma re haoir
tigherna trén gan tathaoir.

15 Art mac Aodha nar airg cill
naoi leithbhliadhna mar luaidhim
fuair sé geall as[a] ghníomha[ibh]
fa tenn é ar na huirrioghuibh.

16 Ceithre bliadna go leith lais
tenn ar thuaith treith ar egluis
ó a smacht a-tad a ttreisi
fa Art *Oc(o) re inneisi.

17 Riogharthar iaromh ní hiul beag
bliadhuin aige is da fidhchid
donnshlat ’sa chuing os crannuibh
Conmhac Cuinn do-chualamair.

18 Sedhan mac Cuinn nar threith tres
ocht mbliadhna do bhí a bhfhlaithes
ba *firferdha a chlí a gcath
an ri(gh) dibhergach diomsach.

19 Toirdhealbhach mac Néill Uí Neill

Roinn Chéltóg, Col. na Tríonóide, TCD

a hocht fi(dh)chit go foirreidh
do réir riaghla[i]dh na rimhe
do bhliadhna[ibh] san mbuainrighe.
20 Bheith da n-iomradh ni hiúl mer
d'feidhm na n-ollamh a n-aireamh
mo-chen thred don tír tallain
da righ dheg a-dubhramair.
21 Trí bliadhna d'Aodh féin go foill
a ttus a fhlaithe[i]s lánmhóir
fer friothailmhe *freimh na sgol
rob sén a mbiothárirmhe mblioghon.[s]
22 Sé bliadhna déag dearbhuim soin
trí ched bliadhuin do bhliadhnuibh
fir reidhe nach lag luidhe
fad na réime rioghruidhe.
23 Míle is cúig ched go gcuibhdhe [99]
's ocht mbliadhna dég derbhuim-ne
do réir airmhe & fhiaga[in]
is ceithre fi(dh)chit fionnbhliadhuin.
's á se reic gan bhaois *gach béad
a n-aois Mh[e]ic Dé ní deirmed. [date 1604]
24 A-taid uime cia na creid
ocht ngluin(e) deg uaisle ar fi(dh)cheit
brath cliar gac caor don mhianach
o Aodh go Niall Naoighiallach.
25 A-taid bhós a bharr sgathach
o Niall go Conn Cedchathach
an oile a n-úir as olc *liom
na hocht ngluin(e) oile airmhi(o)m.
26 Cenn na ríogh stiúir gan anadh[a]
moirsheiser séimh sechtmhodhad(h)
radharc súla gach slat ghlan
ó mhac Úna go hÁdhamh.
27 Ainm gach rí da ghruaidh ghealtais
acht d'uiregla an aimhealtais
uaim is *dó bhéaruinn go bun
(i)s do bhéaruinn uaidh go hÁdhamh.
28 Mo-chen an fer fuair an geall
clanna Neill na Naoi nGeibhionn
ós é Aodh cenn a chine[i]dh
a ngeall 'gun aon fhúicfidhir.
29 Íarla ag Galluibh da gháirm de
Ó Neill Mór ainm is uaisle
giolla séimhidh seang sleaghach
ferr an déinimh deighenach.
30 Clann hIosra-el na hÉirionn
clann[a] Neill na nertceimenn
gach barr don chloinn as cnesta

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

re droing ann ní hinmhesta.

31 Ceithre ched bliadhan (a)s barr air
a-ta [a] Éire Í Neill náraigh
srían gaillmhine fa ghort Floinn
smacht ag ainbhfhine oruinn.

32 Da mbeith sibh saoithe Banbha
ag sir adhbhar m'ealadhna
níor mheabhair libh-si na linn
leabhair irsi go n-airmhinn.

33 *Ta an cóigedh Aodh as ard rath
saoilim as tú an tAodh Engach
tú an chraobh don geilfhiodhach glan
Aodh *deirennuid na ndeora[dh].

34 Sé ba rí ar Eirinn uile
re linn tú do thairng(h)ire
slat go gcnuas mar dherbhuim dhuit
mac Cerbhuill na nduas Díarmuid.

35 A mhic Fer Dhorcha a dhrech nár
as tú do *thairnghuire Ultán
tu Aodh an Átha Buidhe
a bharr na sgath
do bhaisd ort an tAodh Engach.*

36 Naomh do mhaithibh na Midhe
do reir ráidhte an fhéilire
cumpán na suadh dh'Ard (dh)fhán (?)
Ultan ó Ard buan Brecan.

37 Foillseochad mar fuairios daoibh
sloinne is ainm an árdnaoimh
terc cumpán saor dán samhuil
Ultán caomh ó Conchubhair.

38 An tAodh Buidhe a bharr na sgath
do bhaisd ort an tAodh Engach
a rún cert do-chlos roimhe
*a-nocht techt an tairng(h)uire.

39 Lá an (n) Atha Bhuidhe a bhos bhán [100]
do Ghalluibh do geall Ultán
nach bia a nert cedna 'ga gcloinn
a red(h)la na nderc ndioghuinn.

40 Ní nech oile do ráidh rinn
glór Ultain as é chreidim
tiocfaidh léan ann don fedhain
tren Gall ar na Gaoidhioluibh.

41 Ní bhia an neart cedna a ccniocduibh
ar-ís ionar n-oirechtuibh
d'éis áir an Atha Buidhe
go dáil bhratha bhaoghluidhe.

42 Gleo anba an Atha Bhuidhe
ca brisiodh as baoghluidhe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ní nár don fhíalfhuil[-se] a chur
san mbliadhuin-si a ttam dagha. (?)

43 Dob é an lá-so lá a mbasga[idh]
feil Parthaloin *priomhasbhuidh
a n-áirm ré ttaobh go ttorchuir
ma[i]dhm ag Aodh ar allmhorrchuibh.

44 Secht gcéd dég ga doilghe troid
do lucht cosanta is comhruic
ár Ghall is díoth a ndaoine
frioth ann ’s ní da egcaoine.

45 Do thuit ann ’s ní da fhalach
ridire suim Sacsonach
ti do Ghalltír Gall nglic[s]
’s trí chaiptín ann ar fi(dh)chit.

46 Do tuit ann [i]s ní holc liom
ardmharusgal na hEirenn
a mbliadhna do chuir an cath
do mhuidh iarla na nUltach.

47 Cóir do Dhía a dochar-san de
mac airdri[ogh] brogha Breifne
slacht echtmhar ós gach urruidh
mac rechtmhar Í Raghallaidh.

48 As ann do chuirs[e]ad(h) an cath
fóir Ghall is ghasruidh Temhrach
fa íath Árda mhóir Mhacha
na sloigh gharga ghonacha.

49 A ttéid as díobh ’na dhiaigh so
béarar orra a nÁrd Mhacho
fuair Ó Neill é ar a fhocal
sé féin uaidh da adhlocadh.

50 Do chlannaibh Gall is lá leóin
toirbh[i]rid é da n-(d)amhdheoin
an port mór thall go ttug(h)adh
lón ann ó nar fhedadar.

51 Do mhillis Mumhuin a-muigh
’s Laighen bhós go Binn Eadair
ag sin slighe bhar siubhail
fir Mhidhe do mhilleabhair.

52 A-ta d’iomad bhar n-echtra
t’innsaidhea is t’imechta
doirbh do chaithréim do *chúna
[a] Í fhlaithNéill shoirbh shaoghuldha.

53 As é h’arm cosanta a gcath
’s ní nert lámh no lann bhfhaobhrach
a ghríobh Mhacha gan mhoille
t’fhíor catha is do chomhthroime.

54 Ní iomcaraidh clí na corp
do mhíne is méd do chumhacht

Roinn na Seanlíge, Col. na Tríonóide, TCD

a bhas chorcra shéimh shuaimhnech
mas molta Ó Neill nemhuaibhrech.
55 Tú [as] cruaidh a ngleó re Galluibh [101]
tú [as] egcruaidh re hanbhannuibh
rug tú buaidh gacha bearna
do chlú uaidh is infhedhma.
56 Se riamh ar fheruibh h'anma
buaidh n-aitheisg is n-urlabhra
mar thríallfa léd ghruaidh ngairthe
buaidh gcliachta is *cathugadh
57 Ciall is cédfa is coimhne
cobhsuidhecht ad chomhairle
sonas ad tír ionn gach toigh
forus is brígh ad bhríathraibh.
58 Go hEoghan úait mar fuair sinn
se righ déag réir dháil Eirinn
tusa an sechtmhadh daighri(gh) dég
a ghlainlí echtmhar fhinnGhrég.
59 Senchus Chloinne Néill a-noir
cred nach bia liom am leabhruibh
d'Ó Néill cheibhfhionn chennchas long
is senchus Éirenn agam.[x]
60 *M'anam is más dáoibh gan diombáidh
Dubhthach mac Ui Dhuibhghionnáin
biaidh ag bhreith eóil ar *m'amhainse[rs]
go *réidh deoigh an damhuin-se.

142

Cumha íocas onóir ríogh
[O'Conor Don, 360a]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Cumhaidh íocas onóir ríogh
an onóir iocus an brón
lúach an anshóigh dlegha[i]r dhíom
anóir ríogh as medhair mór.
2 Gidh bé croidhe ar nár chuir gúais
a fhile ní fhuil gan sgís
go bfóire a shiol oirn da éis
gan spéis a moirn ríogh a-rís.
3 Géisidh tríd mo croidhe um chlí
ag luighe ar a líg gach láoi
ag cáoi um Dhomhnall ga ttás mé
ní cás é ar chobhrann cáoi.
4 No gur mhuidh an tuirrsi thriom
fam thuinn-si do thuil(e) an brón
do-geabhthar úaim m'fhuighleach dér
ní bhéur d'úaidh Uí Luigdeach lón.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

5 Rinn na doighe trinn[-ne] as-tigh
do-rinne ar mo croidhe cneidh
nach beirthí lé mé da muin
do chuir sé ar neimhthní mo neimh.
6 Ar son Í Charthaigh a ccríaidh
ní marthain ní *dál dár ndáimh
ní háil ní acht ar éigin úaim
's do bhí úair éigin dob áil.
7 Doilge a Dhé a thir mar tá
'gun té 'ga mbinn nocha (a) bhiú
Mumha ag cáoine(dh) dola dhó
mó ag dola fáoine dar bfhiú.
8 Déra ag tuile ó ábhroibh ann [360b]
fán anmuin do loidhe lióm
luighe um laimh Í Lúighdhech mbenn
nírb ferr ar mhnáibh Muimneach mionn.
9 Trúagh 'na dheghaidh gáir a ghiall
ar ndeghail dáibh agus duinn
berthar na glais lá(i)mh do líon
fá a lán do shíol cCais ar ccúl.
10 Do cumha ar theghlach Dhá Thí
in Mhumha do mheraigh sé
ní mháoidhimh d'Íbh Cairbre ag cáoi
cáoinidh Láoi is Ailde é.
11 Lén Banbha do chuir(is) a cceill
in tuirrsi tárla ar an tshín
ni bháoi acht áonchrádh ar an óigh
cláochladh bróin gé táoi 'na tír.
12 Do bí féile ag fás a neirt
láoi da bhás ag béin a phuirt
gach sreabh a ccubar 'ga cheilt
geal an beirt cumhadh d'ó Chuirc.
13 Mé a-nois lé a theghlach a-ttúaidh
ré a chois a mBreghmag do bhinn
tuigim d'óigre Eóghain Mhóir
do-roinne um Bhoinn deoraidh dhinn.
14 Sgarthain fesda ris an bfonn
ó thesda ó Carthaigh um cionn
ní éidir gidh bé 'ga mbeam
nár mheall mé ar léigedh lióm.
15 Ar mo croidhe do bhí brón
re luidhe don tí da ttám
do aithin mé ar dheóir an drúadh
túar an leóin is [s]é slán.
16 Tugsat sgéula an tighe a ttá
fréuma mo croidhe 'na chrú
bheith 'na ghoire ar ndola dhó
mo ar ccumha troime mur tú.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

17 Dob é ar ccédguth ris a-réir
dom égnach ris as é a n-úir
sinn ag techt *d'athghul ar th'úaigh
cert an úair nach déntur dhuinn.
18 D'imthecht ó nach bfaghuim toil
fanaim ar n-imthecht gach fir
acht a Dhé ga ttú ar do mhuin
's nach bfuil acht mé as tú as-ttigh.
19 Acht rob olc an t-inntlecht úaim
gan imthecht gerbh olc mo treóir
dob ísle th'fert ina an úir
ag techt duinn díbh-se fa dheóigh.
20 Mo tuirrsi ag lethadh gach láoi
ní sguir-si go ndechar dhí
a oirchill nochan féd mé
dot ég gídh bé toirrchim tí.
21 Dob ionann dóibh a-réir riocht
is duit féin um nóin a-nocht
do bhí ag mnáibh énghair ar t'fert
ag techt dháibh 'na n-énmhnaibh ort.
22 Ben ag dola a leith réd lía
lé búdh rogha gan bheith beó
ar th'uaigh a n-áoinfhecht san lá
do dráoigh(th)echt mná do-chúaidh ceó.
23 Túar furlaing faicsin na mban [361a]
fan mac-sin Domnuill ar ndul
ag sníomh a bas do bhí ben
no gur bhen sí glas da gul.
24 Mar mhná tíre an ríogh ó Ros
na mna sídhe ag sníomh a mbos
bregaidh an úaigh a-tá thes
na mná ó Es Rúaidh go Ros.
25 A lucht tighe an tan fa a ttriall
ní sgar a fhile 'san úaigh
oighidh samná ó shiodh do shíodh
rugad tar shíol Sádhbha an súan.
26 Gion go dola um Dhomhnall dí
a forlunn nír lugha lé
dealg on chédosnaidh ag cáoi
cealg ag mnáoi as égchosmuil é.
27 Béd gé tí gach áon don úaigh
taobh ré táobh 's an tí 'ga mbinn
mar aigh ag ionghoire a láoigh
ré táoibh iomdhoighe í Bríain bim.
28 Ní lén cúimsi an cás fa a bfoil
dhá bhar ttuirrsi ga ttá sibh
ní hé an lá do shín ó shoin
acht doigh a-tá thrín as-tigh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

29 Da n-anoinn ó fert an ríogh
as do techt an aim mon-úar
mé a-nois as soibheirthi síar
giall ó Ros oileitri úam.

30 A chomha do dhecair dhí
da dola go ndechaidh sé
ní sguirim tre leómhan Láoi
cáoi Oilill um Eoghan é.

31 Neimhísle ar mo bhrat-sa bíaidh
fan mac-sa ar nEilís-ne a n-úir
dol ar echtra ó thír do tír
bim ar chor as decra dhuinn.

32 Téid ó a mbosaibh a linn lúith
is an Ros-sin ós cionn cháigh
gair 'ga fhéin ar los an láoich
céir le gáoith a mbos do bháith.

33 Fa móide cumha Chlann Neill
a-nall réna chur a ccríaidh
tainig do bhoing Domhnaill dinn
gur shín comhroinn inn go Clíaigh.[a]

34 Mór mná ar ttreisi 'na thoigh
da ló gé tá meisi a-muigh
fada go ccreidfedh sé sin
nach leigfedh libh mé ar a muin.

35 Ar a gul da ngabhthar lé
ar ndul í Charthaig a cclí
tríd do-ghéubadh cenn ré cáoi
ga ferr do mhnáoi a dhénamh dhí.

36 Ioc a ttarthaidh thúaidh do thenn
dár ccánaidh do-chúaidh a-nonn
gúais da bfhréimh a ndola ann
Clann Neill fán ccomha do chum. Cumhaidh ...

143

D'Oilbhéarus is beatha a bhás
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 204]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 D'Oilbhearus is beatha a bhás
dá éag-so do-níad neamhchás
gé a-tá a ccriaidh 's cách ar a mhuin
biaidh go brách iona bheathuigh.

2 Nach bfhuair bás os a bháidh linn
creideadh *gan áoinneach d'Éirinn
an gheag fhoirche shéaguinn shlán
mearuidh choidhche gan cláochladh.

3 Mairfidh sé ar an sáoghal féin
míle bliaghuin beart sholéir

Roinn na Cúlánta, Col. na Tríonóide, TCD

ge do bheith thall biaidh a-bus
’na dhiaidh ós ann do fhéachus.
4 Ni bfhúair bás acht beatha shíor
do achuir oighre an ardríogh
lé a ghrás ní doiligh a dhul
a oighidh ní cás cumhadh.
5 Ní dó féin [i]s ceasda in crádh
gé fúair bás is beó a iomrádh
dó chlár Néill tarla a thuirse
céim bú dámhna doghuilsi.
6 Do cheachtghoin beoláoigh Banbha
oide an áosa foghlomhdha
cosg ainmhir[e] flatha ar bfhoinn
tairngire an ratha romhoinn.
7 Snaithghearraidh a saoghal sonn
ní mo leó ciorrbadh comhlonn
rug dáibh ar ghlanoig(h)e geall
daghoide cháig go coitcheann.
8 Dírightheoir ríaghladh bfer bFháil
file foirfe an iúil iomshláin
’na dheóigh is deanta doilghe
realta eóil dar n-ógoibh-ne.
9 Ughdar tuigsi dhreacht ndoirche
cisde óircheast n-ordoighthe
creidhim a chreacht gan chabhar
eacht d’Éirinn a ionnshamhail.
10 Créd nach gonfadh croidhe cháigh [205]
Oilbhérus sáor mac Seaáin
coige rúin ríleasa Cuinn
súil an fhírfeasa d’fhoghluim.
11 Tug Criost do Dhia dhár daghbhrath
dha bheatha as búan comhallrath
do-rad do an saoghal re seal
a sháoradh dhó fa dheiredh.
12 Áoibhinn fuair a bheatha a-bhus
mithid dó drud ré a duthchus
fuair thall an t-áoinlios dob fhearr
do bharr lé háoibhnios Éireann.
13 Ionann tarla toisg neamhnár
d’[H]álón eighear Cailearbháin
an coigfhile go ngruaidh ngil
(i)s dar n-oid[ei]-ne úair éigin.
14 Eighir d’Athens an achuidh ghloin[s]
oighreacht ghnáth athar Hálóin
críoch *ghéigil an tsháoirfhir sheing
nar éidir d’aoighidh d’ingreim.
15 A n-áois óig mheasda mhacáoimh
tarla don ghéig gealghlacsháoir

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tríath an achuidh dá madh áil
a iath a athuir d'fagbáil.
16 Mur thug Día dho do dhaighmhéin
gabhus an t-óg umhailréidh
sgath leanbhda d'úaislibh an fhuinn
meanma ar an uair-sin d'fhoghluim.
17 Fágbhus a íath go humhal
téid go Thebes *d'áitioghadh
gus an adhbhoigh ttarrthoigh ttroim
gon chathroigh armghloin d'fhoghloim.
18 Do bhí dhá fhoghluim innte
go raibh an t-óg innillte
an oige aird ós fearuibh
'na oide ós aird d'fhileadhuibh.
19 Tig ar ais d'féachuin an fhoinn
ar mbeith dhó abuigh d'foghluim
cur cháig fá dheighreacht do dhligh
nírbh áil a eigreacht d'aithin.
20 Ag síobhal ó thír gó tír
do shearc Dé 's ní d'fhonn eisídh
tug féinnidh an ghormfhoinn ghloin
d'fhoghloim gach éinfhir aghoidh.
21 Do theaguisg géar dheacair dhó
gach óg gach arsoigh aca
sgath an fhoinn géagabhloigh ghloin
don droing éadtarbhoig athloimh.
22 Da fhoghluim le a oideas glic
nír fáguibh d'Athéns oirdhric
tred nár chúartoig go croidhe
nír fhéag d'fhúachtghoimh aimsire.
23 Mor maighisdir theaguisg tte
iomdha dochtuir dreacht bfhoirfe
dar chomhsnoigh aige re ais
do ollmhoigh oide an iomais.
24 Hálón ar éis a thimchill
teacht don chrích ór chéidimthigh
íath dána 'na bfhríoth gach fleadh
críoch a dhála fa dheiredh.
25 Suighidheas an binn bádhach
a measg chóigle is chompanach
an tread fa ttrághadh tonna
go héag d'Hálón eatorra.
26 Dó-ronsad uile [a] áos gráidh
a chumthuigh cridhe a chompáin
sgath iongantach rónáir réidh
anair iomarcach air-séin.
27 Tús is deiredh a ndál
ionann don droing dheangmál[s]

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fáidh foirce ar ghealoige ngloin
deaghoide foirfe ar n-altroim.
28 Maghisdir do mhúin gach fear
Oilbherus is fearr d'aireamh
mur dó-ríne an t-óg éile
rod fíre na fáisdinne.
29 Tarruigh a ttós [a] áoisi
gur ghlac sé rún rógáoisi
d'álghus a leighinn tar lear
fágbhus Éirinn (a)gas aithredh.
30 Catháoir chothaighthe a anma
d'aimhdheóin áosa foghlamdha
sgol ríogh ó nár gheabh ghoradh
do bhean díobh géar dhocamhal.
31 Gearbh oide(dh) eatorra soin
Oilbherus an iúil adhbhoil
táinig gan tatháoir ón droíng
ráinig a ccatháoir chothroim.
32 Gurbh abuidh d'fhoghluim fhoirfe
'na sheanath cheasd ccradhdhoirche
an bhas ghléslim go ngnáoi ngil
do bháoi gan Éirinn d'fhaigsin.
33 Ar mbeith dhó ollamh dh'eagna
tig sé abuigh d'fóirmfhreagra
go hiath ccladhsholus chráoi cCoinn
sáoi gan amhorus d'fhoghluim.
34 Dó theaguisg dia [do] dhocra
fúair ó Chríost na cumhochta
ríoghruidh daighlis lasmhuir Fhloinn
gasruidh an ainbhfis d'fhóghluim.
35 Go ttug Críost dár chóir deaghthoil
oide an fheasa d'Éireannc[h]oibh
nírb fheas lé hainbfheas an fhoinn
leas nó aimhleas dá n-abroim.
36 Dó thréig(e) oighreacht a athar
ní an re a iath d'á(i)tachadh
tug í ar an áoibhneas dob fhearr
do bhí ré háoinleas Éireann.
37 Ní díth ionnmhuis dá madh áil
ní díth oighreachta d'fhagháil
fiú a dheighreacht ar fhud gach foinn
tug [a] oighreacht ar fhoghloim.
38 Gé go ttug sáorfhód na sean [206]
ar Ghearaltuibh ghuirt Ghaoidhel
acht searc don deighshliocht dar dhligh
teacht ón eighriocht dob éidir.
39 Ar son Dé d'fhoghluim gach fir
tug a eighreacht an úair-sin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fá chrích ngairbh bfleadhsochluigh bFháil
ar ghairm n-ealothuin d'fhagháil.
40 Dob fheas dón aoinDía a annsacht
a ttráth chuirthe chumhangsmacht
ar iath nglan cceodhoirche cCoinn
ar mhagh cceólfhoirf(h)e cCriomhthoinn.
41 Nír léig rioghruidh bhruaig Banbha
d'iarruigh oidis foghlomdha
ó chlár nuaifhleadhmhear [í] Neill
tar sál fuairshreabhgheal áighéin.
42 Ní fhuil áoinneach aca soin
uaisle Fodhla an fhoinn armghloin
narbh e is díonoide don droing
re ré a fhíoroige d'fhoghloim.
43 Iomdha ar chlár an iúil oirdhric
lucht tuigsi cheasd ccrúaidhfhoirmghlic
fear glanoige gó ng[n]é ngil
dár dhaghoide é an uair-sin.
44 Do choisg uile ceann a cceann
a ccóig coigeadhuibh Eireann
lucht aimhlis airmiata Bredh
ainmhíana ghlainlis Ghaoidheal.
45 A ccoigeadhuibh Eimhir Fhinn
nír fháguibh éintír inghill
do chrich fhinnte bfhear bfhaladh
gan teagh innte *dh'áitioghadh.
46 A La(o)ighnibh do thóguibh teagh
a ccrích Mhidhe is mó rífhleadh
iath cródha soighionghrod seang
tóra oiriorbhog Éireann.
47 A cConnochtuibh an trácht thais
do áitigh oide an iomhais
brugh fionnfholtach slaitgheal slím
aitreabh iongantach áoibhinn.
48 Gé nár aitigh don táoibh thúaigh
a ccrích Néill altghloin armruaidh
mór n-oide uaidh a nUltuibh
fúair 'na oige a fhionnuchtuin.
49 Fiú úaisle an chinidh ór chin
go raibhe ag sgath fhoinn Eimhir
d'fhéin ghúaisoirbheart ó lios Fhloinn
fios a n-uasoilbheart d'fhoghloim.
50 Mo-chean fine dá bfhuil sin
Oilbherus an iúil áirmigh
gé mór áinm ná fine féin
gairm an fhine air-séin.[s]
51 D'fhuil na seanGhall n-oirdhric é
géagúasal d'fhuil na Hosé

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mairc ó ndeachuigh an fíal fionn
a leathfhuil ó íath Éirionn.
52 Fuil Hosaoch an aignidh áird
láoich thoghtha nár thoill iomairc
gruaidhe corcra is fearr foladh
dream réan docra dealughadh.
53 Cisde coimheada an ghaisgidh
lucht seilg an fhoinn araisdigh
ná beodhoimh mhóra mhearrdha
leoghoin chródha cháoimhfearrdha.
54 Lucht sgáoilte a ttoice ar thromdháimh
dream ré(a)n(a) docra iombharbáidh
croinn bhuadha is bláithe a bfheadhuibh
snáithe uama ar fhileadhuibh.
55 A Pheadair labhair-si leam
mínigh ferg Dhé fád dhithcheall
fáth diomdha fán ccoluin[n] chuil
iomdha oruinn a úrduil. D'Oilbherus ...

144

Dá chuireadh ar chloinn Ádhaimh
[O'Conor Don, 115b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Da chuiredh ar cloinn Ádhuim
sgaras cách re a ccompánoibh
do caithem an da chuireadh
da chaithir do cruthuigheadh.
2 Clann Ádhoimh agus Eubha
ní lucht comhtruim coinnmhéadha
a-táid cuirthi fa a ccomhair
nach cuirthe fa chomhroghain.
3 Cuiredh a ccathroigh nimhe
fúaradur fath deighchridhe
cuiredh ón[a] dorcha dealbh
do cuiredh orrtha a n-ifreann.
4 A Chlann Ádhoimh ni fhéd sinn
gidh cuid da (a)ulc da airmhinn
bur ccuiredh a bport na bpían
tuiream a olc ar éinrían.
5 Dorchacht nac dubhadh cetha
dhallus dáoine suileacha
decair brón 'na chenn do chur
sódh is ferr ina n-uachtur.
6 Gáoth is lasair lór do theidhm
pían is lugha ar lár ifeirn
áoibhle agas cetha aga ccur
betha is áoibhne 'na iochtar.

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

7 Éimhge na bpeacthach a bpéin
is é is foirithin ainn-séin
ní bhí soillsi thall san toigh
dóirsi ann gén go n-íadhtair.
8 Ceisd agam an annsa libh
an tech-sa mur thech cuiridh
ina port náoidhe nimhe
a dháoine is olc aithrighe.
9 Do-gheibhid a mbí san brugh
ceól ris nach ccaithtear sáotur
mairg d'anmuin do-chuaidh ón cheól
a n-ádhbhuidh fhúair ar aineól.
10 Ni lugha an t-iongnadh eile
a-tá aca dh'áiridhe
mo-chen do-chóidh san chaithir
fledh nach táir ré tochaithimh.
11 A-táid ag teghlach an phuirt
lóchroinn nach eigin d'ádhaint
coimhléir thall an mór 's an mion
d'óirnéimh ógh is aingiol.
12 Da mbeith gan tshoillsi do shíor
acht deallradh aighthe an airdríogh
dar libh dobadh lá an adhuigh
san tigh a-ta thúasamhain.
13 Fechain ar a bfuil san toigh [116a]
cuid gach peacoidh don port-soin
is clódh úaidhe ar na fheghain
nach lór trúaighe an taisbénuidh.
14 Caithir nimhe na náoi ngrádh
fegain uirrthe agus iompadh
mairg a Dhé nach ttuig an tegh
narab é ar ccuid da a cuiredh.
15 Día Lúain laithe na cruinne
bíaidh éncuiredh oruin-ne
ar sioruilc ní soirbh an bhert
da ndiguilt oirn a n-éineacht.
16 Bíaidh sgriobhtha a n-aghaidh gac fir
a mhaith 's a olc an úair-sin
bíaidh fedhain da n-[d]áoradh dhe
's búdh sáoradh d'fhearuibh eile.
17 A chroch dhearg ré a ghualuinn ghil
as amhlaidh tiocfa in trath-sin
a mbreithemh go lucht an Lúain
beithior ré a ucht a n-anbhúain.
18 Áoine Chásg aga (a) chrochadh
ní bfúair sé dár slánachadh
gábhadh mar a fheirg ni fhuil
áladh nach teilg an tráth-soin.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

19 Aigeóraidh gach alad dhíbh
berthar ainn-séin ’gun airdrígh
gan neach aga fhocal air
breth do dá focal oruibh.

20 “Tigidh lem” is “eirgidh úaim”
a-der breithemh an Brath[L]úain
an roinn do-ní a-nall ’s a-nonn
ní bí ann acht a fulang.

21 Créd acht onnsoighter ann soin
an da chuiredh ó chíanuibh
mo bhreith ar cuiredh Dé dhíbh
go *cclointer é *a Airdrígh.

22 Cennchuidh an ccathroigh nemhdha
dénuidh toil bhur ttígerna
beg nach í bhur nóin a-niugh
suil tí cóir an dá chuiriodh.

23 Cuiredh mur as cóir do chur
ort a Trionóid go ttugar
do sbiorad go ttóir fam thuinn
gen co bfuil (id) th’ionad aguinn.

24 Tigerna is táire na sibh
ní tabhartha a ttech cuiridh
tuigthe damh a Dhé nimhe
gomadh glan é dh’áiridhe.

25 Do thech cuiridh an cridhe
tú ar ttigerna fíri-ne
a Meic Dé as anullamh inn
nír glanamar é att oircill.

26 Na seacht bpeacuidh guna bpór
a-táid uaibh-si dom iompódh
is ocht ccoire na colna
’s gach olc oile etorra.

27 Do deich n-aithenta oram
a-ta mé da míchomhall
rún mo chridhe mur ad-chí
a ccúl an tighe a-ttáithí.

28 Da mbeirthea enúair oirne
na leig úait ar n-anaim-ne
tar am rún agus an ann [116b]
tar fum agus tár tharum.

29 Bí romham a Rí nemhdha
bí am timcheal a Thighearna
na dealaigh a Rí riom-sa
bí um dheaghaidh dom dhídion-sa.

30 Cuir a ccionta as mo cridhe
tabhair oram aithrighe
gan a ttecht san clí chédna
a Rí na bfeart bfirénda.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

31 Cuig peacuidh nó [a] sé no [a] secht
a Mhuire Ógh a n-éinfheacht
sáimh leam mur tú da ttegar
tú um chenn do chuireadur. Da chuireadh ...

145

Dá láimh sínte le síoth nDé
[RIA 744 (A/v/2), 'Dillon Duanaire', 61a]
Niall mor Mac Mhuirich
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Dá láimh sínte le síoth nDé
Día féin 'ga bhfuil ar bhfine
an síoth nar snadhmadh mur soin
a chrioch as adhbhur uamh[ain?].
2 Cúig cridhe do chaill a bhfuil
a n-íoc chean ch[lai]nne hÁdhuimh
ni lean sé ar chách na cridhe
ni hé as fhath dá oirbhire.
3 Tar tuinn diomdha Dé nimhe
da ttí am na hoirbhire
iomchruidh long ar seathur sionn
ni trom d'eathur a fhoir[eann].
4 D'fhuil Ádhaimh anba an pudhur
Rí d'oighidh dá n-anaghal
mór do fhóir ég a hoighir
go fóill nár fhéd d'fóiridhin.
5 Ní hé a-mháin ar fhear da fhuil
fáth diomdhágh Dé 'nar nde[ghaidh]
na máoidh fearg ar fhear n-áluidh
far bhean cealg ar ca[mánaibh?].
6 Beith a ndúnadh Dé athur
beith a-muidh ar mearachadh
eaguil liom lá na togha
a-tá um chionn an chomhrogha.
7 Oighre Dé ar ndáil a fhola
a luing na sé sochuidhe
go grinneal chúain an chíogha
do-chuaidh d'filledh m'eissíodha.
8 Do mhaith sé coill na cána
dúinn ar dhénamh síothchána
ni hé an cion far réidhigh ruinn
a-niodh do eirigh eadruinn.
9 Teaghdhuis rathmur Ríogh nimhe
teagh na náoi n-ord n-ainglidh[e]
nior cumadh adhbha ar nAthur
tarrla ullamh d'ordachadh.
10 'Nar ccoinne a cathruigh nimhe

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

tig chuguinn ar cheilidhe
ní ar mearughadh do bhí a bhos
rí ar ndealughadh re a du[thchas?].
11 Cenn ar ttérma suil tí as-tteach
guidhim Críosd f[a c.....]
ní lá grása do ghuidhe
an lá-sa a-tá a ttarrnguire.
12 Do chleacht síad séna a lochta
síol Ádhuimh niormh ionmholta
ní hé agrus ina fhuil
an té admhus a fholuidh.
13 Eaguil damh san lá-sa an Lúain
a ttráth tionóil an tromshl[ua]igh
cuid do bhrígh mh'égcóra air
go mbím éddána ar mh'ath(u)air.
14 [.....ca?]irt o chlar nimhe [61b]
dar ccaomhna ar chúis oirbhire
[....g?]e don taoph as-ttoigh
mo ghaol gér fhada ó m'athuir.
15 [...]tear don oigh anba an toil
da ttrían ccionta chlann nÁdhuimh
[ga?] bean éinfhir riamh roimpe
nar réidhigh trían tioghluigthe.
16 [D]o búain ghiall a glas biodbhadh
dáil a chrú as ní neimhiongnadh
t[....]d féin fúair a oighidh
acht géill uaidh a n-íarnuighiph.
17 [.....] dar mac oighre th'athur
do ghaph chloinn gan chiontachadh
as bean í don uile fhear
Muire acht an tí lér toirrghedh.
18 [F?]leadh ghrás do dháileaphuir dhúinn
sinn dar ndeóin úaithe ag iompúdh
[.....] cuiredh linn as ar laimh
cuiredh is inn dá fhagháil.
19 [M]ac Dé go dáil a fhola
*níor dhion na sé sochuidhe
[f?]úair san Áoine um cheann a ccean
gur fhearr daoine gan dénamh.
20 [...] derguis na cúig cridhe
dar ndíon do dhruim ionmhuine
mó ina a bhfuil díot 'na dhuine
do mhoidh thríot don trócuire.
21 [Dar?] mbreith ar an iul as fhearr
do sheachna ar n-anma ar ifreann
[ga?] slighidh do thill tusa
rinn go hinfhir eólusa.
22 [S]íol Adhuimh d'éisi a cceannuigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

niorbh é am an aithearruigh
[.....]r taradh chuain an chridhe
uaibh a ccaladh choillidhe.
23 [.....] inn aladh th'ochta
dod chloinn nior chúis ionmholta
[bar n-o?]ighre do [do]nnadh dhamh
bronnadh nar dhoilghe ar ndiúltadh.
24 [....eca?]duir o chlar nimhe
tig tu a Mheic na maighdine
[....]ur gheimhle ón oineac air
troigheach th'eighre níorbh ésguidh.
25 [La?] na fleidhe mur fuair soin
ni fhuair neach d'fine Ádhuimh
[.....]sein do iph th'oighir
neim 'na dhigh ni dáilfidhir.
26 [.....oi]ph tuguis dar ccionn
dar n-anacal ar ifreann
[.....] iomsuiph chrú an chroidhe
do thiomsuigh Tú an trócuire.
27 Dob áil linn gan teacht fad thoil [62a]
d'éis ar ccaphra ó cion Adhuimh
neach nár fhóir oighidh th'eighir
doilidh d'óigh a fhóiridhin.
28 Grás ar th'oighre íarthur linn
ar t'ucht-sa a inghean Íaichim
na gabh obadh ó t'oighir
glan tobur ó a thathuighidh.
29 As é do mhac-sa a Mhuire
athuir na sé sochuidhe
suil do-roighne ní fa nimh
do bhí t'oighre 'na oighir.
30 Do éirigh d'éisi a beanta
oighre Dé ar ndías chruithneachta
búain déisi na ttrí ttoradh
rí dá éisi ar n-ardughadh.
31 Ní mór linn on leanb ochta
ar mbreith fan digh ndíaghdhochta
ní breith ríogh ón chneidh chroidhe
díol a bhfleidh nac féchfu[i]dhe.
32 Eaguil dóiph gan teacht fa a thoil
síol Ébha ar éisi a ccoguidh
bheith ar síoth Dé fa dheiredh
as é a chríoch go ccaithfidear.
33 Oire nar iomchuir duine
ar mhac ochta óghMhuire
tarrla an Rí fan chruinne a ccronn
's do bhí uirre da haltrom.
34 Ar eachtra ó Airdrí nimhe

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mur tám as túar oirbhire
mé soidhearuigh on toigh thall
toil don oileamhuin agam.

35 Ní leigther dhóibh dénamh súain
a n-am measruighthe an mhórshluaigh
toirrchim a n-am na hechtra
mall an oirchill imtheachta.

36 Lór dhamh a ndernus do chion
gus an am-sa ó áois náoidhean
gan techt ar ghonuiph ríogh rinn
mo dhíol d'foluidh um oirchill.

37 Ni mór dhó a n-íoc a áluidh
síol Adhuimh ar éntánuidh
don té nach tiobhradh da thoigh
dob iongnadh é da oighidh.

38 Fola Críosd gér chláon an sdair
ar chloinn anuaibhrigh Adhuimh
ina rann as doilligh dul
clann ar n-oighidh an athur.

39 Dáil a fhola tar cheann ccáigh
ni heaguil linn lá an tionáil
gona a-bhos ni hé as omhan
acht mé a-nos dá núadhughadh.

40 Ní heól dúinn do dhruim lochta
iúl díreach na díaghdhachta
ar fhéch sinn d'eólus fhoghla
sheólus inn or n-athurdha. Dá láimh ...

146

Dá mbeith m'éanfháinne i nÉirinn
[O'Conor Don, 25b]
Brian Mac Griallusa cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Da mbeith m'énfhainne a nÉirinn
a ghille suairc soileighin[n]
sbim do bhíadh sédach airs
a chíabh ghégach ó Ghabhair.

2 Tuig a mhéd thuiges tusa
aisgedha t'fhir cumusa
a branáin na dáimhe ó dhuibh
m'fainne d'fhuráil oruibh.s

3 Do chenn chúis mur as cubaidh
más fainne óir fúarabhair
a dhía slóigh gormguirt Ghábhra
lé hór n-oirderc n-ealadhna.

4 Ge[m]adh m'fainne deit do dháil
tí súil ré t'éigsi d'fhaghail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

as é as damna da radh ruibh
a grádh na hanma a Eochaidh.
Muilt na mná ag nach bí tréd
ní he so a fholt na gcaimgég
a dreach as leráilne linn
da mbeith m'enfhainne a nErinn. Da ...

147

Dá néall oinigh san aird tuaidh
[RIA 475 (24/p/25), Leabhar Chlainne Suibhne, 76v, p. 146]
O Maolgirig [in different hand]
Aongus Dorca cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

[D]a nell oinig san aird tuaidh
an t-oinech thall tar gac tir
tuc clechdad nar dhú don daim
a clú caigh bentar a brigh.
Dob fiu diol Domnaill don chleir
nac frith gan dograinn ar dháil
cliar dob eolaig sa trian tuaidh
do-chuaid riar mar deor[aidh] daib.
Siol Suibne ar codal os chuan
mogal nac suirgeac re síodh
sgios ar shíol Echaid on agh
le a ndechaid dam díobh gan díol.
Bro fhionnban da tánaig tnuidh
'na timchal go tanaig nóin
croinn áille ar fheghain san uaim
Grainne 'ga n-uaim dh'énaib óir.
Gan triall aici sa *trian thuaidh
ni ar n-aisgid do bi an be[i]m^{s}
dailter riar o Domnall dáibh
le a congbann daim 'na fiadh fe[i]n.
Tus fledhe dailter don daim
ni run celte fhainne n-oir
do bí a úain o fhine Néll
file gan reir a n-uair óil.
Triall soir acc Gallaib on ghliaidh
tar moir mar gabair a nge[i]ll
clár Cuinn do thanaigh le a thuaigh
Danair ag uaim a fuinn fen.
Sreb chuisne re ar bfaoilid Fionn
a bruighin na caoilshleag corr
suil do thogaib an tegh crann
obair Ghall do ben da bonn.
Nir clecht sin cumhga re cleir
ar Ulltaib do bi do bhuaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ge theid riar fa a ndeithfir daibh
berthir ar daim sa trian tuaidh.
10 Do fillead Grainne ar-ais uaidh
as gaile tar ais nar fhegh
do gab sí tiomchal on traigh
sál nac bi ag imchar á en.
11 Fian Fhanad fa obair aoil
dob adhbhar oibre da[?] fe[i]n
an riocht a fuil diorma dúin
suil righna do chuir a cé[i]ll.
12 Go bfuair ben fholaid o fior
an tsearc (?) a crothaib 'ga car
do-chí an taraid suil tí as-tegh
gur adhain ben da mbí a mbrugh.
13 Ar ibh d'fhion ar colbha cuain
a fhoghlaid da dhiol is doigh
ingnad a shaoire o shiol Nell
an fion fen 'sa dhaoire doibh.
14 Guais toebadh daime 'na diaigh
do Grainne ni boegal be[i]m
ni hedir gan ghuin a grúaidh
uair égin 'sa gcuir le clé[i]r.
15 Ní ghabhand an dámh fa deóigh
do ghnath acht taghall a túaidh
cliar do thaghall a fuinn fen
o fhreim Chuinn ni faghann d'úain.
16 Siol Suibne fa a ndaoire dhóibh
ni máoite a cuimne ag an chle[i]r
riar fa a dtanaig don trian tuaidh
fuair an chliar a Fana[i]d fe[i]n.
17 Mac Toirrdhealbaig nar thoill be[i]m
na Goill go hoirbernad uaidh
tuir criadh a cumhga do-choidh
do burba an tshloigh on trian tuaidh.
18 Teid sgela a testa in gach tir
enben nach meisde re mnaibh
ni do mnaib na taoibe a tuaidh
lerb ail gan buain daoire a daim.
19 Lann 'na laim le mblodhar balg
ni slan on obar an t-ord
da láoidhedh ar cóir na gcelg
do derg broin cháoilshleag is cholg.
20 Foghmar narb ogal let fe[i]n
bronnadh a ndonnbhrat don daim
d'eis dealaichcthe dhuit re cle[i]r
bruit ag be[i]n meraighthe a mnaibh.
21 Tabairt umhla a ndeabaid dháoibh
cundrad ar nac benta be[i]m

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do sbairn troda a gcaladh cuain
branar suain fhoda dot fhe[i]n.
22 Tir fhaglad fa fhiaghail uaib
damna do diamhair gac ráoin
a gcrioch falamh nir dhith doib
ma sith re fóir Dhanar daoibh.
23 Decair a dhenaim ad diaigh
gac ensdair at engaibh sróil
ealta gan etil san úaim
benta uaib go n-etibh óir.
24 A úa Ruaidri od ré[i]m áigh
do núagris teid ar gac t(ír)áoibh
ni fhóir nech od ghoin a ngliaidh
da mbeath liaigh sa[n] toigh re thaoib.
25 Do bladh gan toebad a-ta
acht an aoinbhen do thogh thú
gar *beug sin do mholadh mná
ma ta sib 'na comhar chlú.
26 Sib ag brosdad ar bhroin loech
gan doigh ad chomhar ag cach
ni an sibh re haslach h'fhiach
sgíath lib 'na hasnac on áth.
27 Toir acc teacht[a] o tholuigh gliad (?)
mar eltain romhaib sa róen
niba gort fálag gort gliadh
fian Fhánad tort ar gach toebh.
28 Fiodhbaid 'na choinne do chromm
gan iomchur a chloinne a call
soeb go faghthar torad tromm
's gan blodad long d'anfad ard.
29 Geall 'ga blaid (?) ar belaibh caigh
a bladh 'sna cémibh do-choidh
siol Ne[i]ll fa duassaib do daim
ce[i]m go traigh chnuasaig is coir.
30 Enfher 'na dhailemh ag daim
nar ghnathaig ar ecsib uain
la s[a]óire nir chuir ar chlé[i]r
tar fhuil Ne[i]ll na t[a]óibhe thúaidh.
31 An brugh dao[i]nech do clecht ceol
flegh mar d(o)aoinibh ina dhún
tar muir go faghar an fíon
síodh Danar do cuir ar cúl.
32 Breath ingnad daime 'na dhiaigh
ar Grainne 'na dhiomdha is dóigh
créd fa mbiadh daoire sa[n] daim
acc triall o mnaib dao[i]re [dóibh].
33 Is cuid oigrechta o fuil Nell
na toirbearta tucc do dhaim

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

aoinfer rempa sa[n] taoib thúaidh
nar maoidh buain a nd[eacra dáibh?]
34 Tir do bi fa dáoire ndamh
an tir ga haoidhe nar fhegh
is gort tuair ar dtochd na cliar
an trian tuaidh do nochd da néll. Da nell ...

148

Dá rann déag dlighim d'Íosa
[NLI G127, 258]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Dha rann deg dlighim d'Iosa
sirim go géur a ghrása
trúagh mo thecht isin tshiosa
ceart Íosa is crúaidh an cás-[s]o.
2 Lá an Lúain an trath fa ttiocfa
a-táid a ngúais a ngonta
a síol uile ar eachtra
slechta fhuile an Ríogh *riomsa.
3 Mór ar bhfeidhm uirre an uair-se[in]
Muire da fheirg do ísligh
frith lé dhóigh isin *dail-sé
paisnimh Dé dhoibh gur dhísligh.
4 Do shín tobar an taoibhchigh
le mnáoi na bhfocal bhfathchruaigh
is cú luirg gach láoi ar iulchóir
sdiurthoir láoi bhuirb an brathLúain.
5 *Dúl inar ndáil ní dhiultfa [259]
ar n-obadh tair chách ger chórta[s]
mac De do dhíon ar n-echta
crechta an Ríogh a[s] se ar sompla.
6 Teilgfem ga decra doirse
cnedha h'eighre rér n-ais-ne
lía nar fhás d'feirg on fhuil-se
cuisle ghrás do theilg thairse.
7 Ri(gh) nimhe a n-úir gan adhbhar
a chroidhe fuinn (?) do foighredh
do leanbh dar leat niorbh íomdha
fiodhba(dh) ghlac nderg is doinnbher.
8 Lé a bhfuil am chionn dod chóir-se
ní liom dúl[r] acht [a] dhísle
cé mór tasg m'éire an uair-se
uaisle *ghrais chneidhe an chigh-se.
9 A Mhuire dena ar ndídion
fech ar ar n-uile éigean
thig leat do leanbh do bhregadh
ar bhfeghadh dealg (a) nglac ngleaigheal.

Royal Irish Acad. Col. na Tríonóide, TCD

10 Ben is ruire ar na righmhnaibh
nach bhfuighthi medh a míangháoil
dath a sgéimhe as edh d'(on)óigphréimh
médh d'oirneimh gréine a ngríanláoi[bh].
11 Dithladh ar n-uilc ni handóigh [260]
do rioghain an fhuilt fhinnfhéir
t'ferg a nglas ag a glaindheóir
d'aimhdheoin dealg do bhas mbarrsheimh.
12 An firéan fionn is glordha
Miche(i)l os cionn mo chaomhna
máor is gile no an ghríanghá
máor niamhdha nimhe náomhdha. et cetera

149

Dá uaithne fhulaing fa Fhánaid

[RIA 475 (24/p/25), Leabhar Chlainne Suibhne, 73r, p. 139]

Eogan mac Gotfragha Meic an Baird cecinit

[Séadna, Dán Díreach]

1 Da úaithni f[h]ulaing fa Fhánaid
úrra a híomc[h]air as [s]iad sud
terc a ngleó as cúirthi 'na gcaraid
leó go *lui[l/b.]i an F[h]ánaid úd.
2 Clánn Toirrdealbaig do thúr deabta
díomda núa do nochtad leó
cur gíll rea bfogal nac bfuighid
do comar (?) fhínn cui[r]id ceó.
3 Te[i]st lér cuired a gclú troda
ar Tóirrdéalbac teid on ágh
a nderna Áodh Buide á mbernaid
ráon ni fhuighe a léabraib lámh.
4 Díol 'na gcomhair ag crú Suíbhní
secna a criche nir chlecht sgol
is aitnid dóibh dáoire ollaim
fóir Dáoile do chongaib crodh.
5 Sealb óigrechta Fhínn mic Cumhaill
do cloinn Toirrdealbaig teid sud
fedh an áigh nirb facain tnudha
cáin a n-achaid Una ud.
6 Ferrdi fer a fuiglib cuirme
ar crich fhoghla mar fhuair brath
bruit da mbuain a deired datha
do deibed shlúaigh Macha a-mach.
7 D'eis a dtocair re toir Danar
ar an dith as decair rún
imdá d'echtaibh o fhóir Dhoire
nac denter dhoibh oile a n-úir.
8 Cur ré clú na Con-sin Culainn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

’sa cliataib (?) ni cunnrad sáor
échta Chon cosnaim na tána
cosmail ar gcor ágha is Áodh.
9 Gan dóigh áirmhe ar esbaid thíre
ar Toirrdhéalbac an trath rug
terc lé tóir on béirn da mbeirtib
féidm *am nóin a teintibh tug.
10 Méd a úalaig ré héadh gcomlainn
do cuir a gcúirm cunnrad dáor
beirn do thigh do thes eigin
mes ar dhigh nárb éidir d’Áogh.
11 Gérr etorra eachdra cl-.i (?)
clann tSuíbhni na dtachar te
*ina beg lé féin Fhinne an t-áoidhe
do-rinne féin dáoine de.
12 Diúltadh comh(i)adh ar cirt ainuil
ínntlecht núa do-níd re mbeirn
admaid fíacha nach fuil orra[ibh]
d’fuil fiaca (?) go bfogh(t)air feidm.
13 Fillead a gcen go crith mbíodhbad
bíaidh ar-ís ’na a[dh]bar gleó
nochtar cighe ban as beartib
crodh tire go leagtar leó.
14 Fían Tóirrdhealbaig re táobh trachta
go tuinn úatha an t-am fár léig
do crund fhogha dúinn on dílinn
’na lúing tana tírim teid.
15 Do nocht anntoil Áodha Buidhe [73v]
ben fhir leis nach ibhter flegh
táinig gabail dúin don dethaig
d’anáil rúin do betaigh ben.
16 Cróinn troma go dtoradh mbáoghlac
a mbláth ré gcléth (?) cuirid síad
gabail sgáth d’íoghlannaibh t’fhoghail
fáth síoghnamaid ar- (?) íad.
17 Tú a Thóirrdéalbaig d’anntoil ágha
dot h’ogbaid nar admhuis brath
tug do deithbhir a gcenn chéilge
nac beirthir érr mhéirge a-mach.
18 Tig a Áodh do thaisgid lugha
lucht íomta do beith fa bhúaidh
an cest órb f[h]ada t’fér chómhlainn
fedh troda dot fhoglaim fúair.
19 Cóir nár tóibhgedh lé tóir ndáoine (?)
dháoibh a Thoirrdhealbaig do thuit
ní gnath le moir clágh o chalad
mur soin go lár Danar dúid.
20 Tiucfaid[h] riú do rodáil toirbeart

Royal Irish Acad. Col. na Tríonóide, TCD

ar thóir béime brisfid[h] rúaig
ni bí tráigh da méd gan mhállmhuir
cred don dháimh gan ánmhuin úait.
21 Imda bern do bris an fogha
lé fein Bhalair na mbreath saobh
tig ar moir lé fine Fómhra
sine na soin t'ómna [a] Áodh.
22 Col do dháimh ar daoire toirbeart
a Toirrdhealbaig ní tú fuair
fosdar crod agaibh mur ínntlecht
sgol do bhagair imtécht úaibh.
23 Créd dob áil da ínntlecht díamhair
nír díon dó da ndechaid tríd
dol ot foghail-si nárb íongnad
fo dhóirrsi ar brugh mbiodbad bíd.
24 Sibh a Tóirrdhéalbaig ré dtachar
gan tocht tar do tsheirci thsuain
da gcuired sin ort an fhógail
tochd do thigh ni fhoghair úaibh.
25 Fios a rúin go raibhe ag bánnáil
brath seirci na silled cláon
a líon cen fa fhíon do áirig
ben ríogh giongur áirigh Áodh.
26 Fían Fhán(fh)ad a n-esbaid tsamhtac
dó tsuighlin (?) orra an t-echt [do-]níd
nún (?) air cur troda da tuagaib
fada o bun re mbúanaibh bíd.
27 Clú do lethnaig on leit thallan
ar Tóirrdhealbac sgáoilid sgol
ní fost grían a gal 'na goire
a blad tár íagh Doire ag dul.
28 Menma ar ollam go híath Fánad
fiú na bronnta beirter úaidh
ni fuighe fher mur fhoir Dháoile
cóir do gheabh an t-áoighe a fhúair.
29 Clánn Aibilín d'ainbreath cléire?
cor troda go dtéid tar amm
do thabaig an síogh nar sáoilead
go bfaghair díol aoidedh ann. D

150

Dair tré abhuill, abhall tré chollaibh
[NLS Adv 72/1/42, 5r]
[Acephalous poem originally beginning 'Cionnus rachad ...']
[Snéadhbhairdne, Dán Díreach]

1 Dair tre abhuill abhall tré choll[aibh][s]
ad-chiú a Mumhain

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is coll trés an nd(e)e(i)ghdhos ndroighin
clemhnus cubhaigh.

2 Os sé ar ndamhna Donnchadh Cairbreach
cúana an damhna
búdh hiomdha toirches croinn cumhra
tre bhroinn mBanbha.

3 Sgéifidh (an) talamh toirchios fochuin
dar bflait chunnla
sgéifid coillte saora slemhna
cráobha cumhra.

4 Bíaidh a lán i(o)n gach líon tarruing
da tti an lá-soin
gébhaidh gach ben a crios cnúasaigh
d'fhios an fhásaigh.

5 Tiogfa binncheól do bhaoithénuibh
Sionna slimchíach
re gothuibh sáimhi na samhchúach
(i)'s dáini fhinnChlíach.

6 Tiogfa barr cnúais ar gach callchoill
'nar ccrích mbáinghil
líonfaidh an fhiodhbhaidh don úirmhil
ionmhuin áirmhigh.

7 Tiogfa an fíon fionn go flaith cCaisil
nar chlecht *mínghlíaigh
maith da ibhe is da fhoghbháil
fini *finnBhríain.

8 Cosnamh Sionna re slait cCaisil
crúaidh do fhuluing
or ni leigfedh s[o]in an Sionainn
re Coin cCuluinn.

9 Cosmhuil a bhéim re beim Osguir
fan íadh biothfhuil
o dho bhen Osgar da athair
cosgar ciochair.

10 Samhuil a throid
re troid Con Culuinn na ngéirrenn
an lá do-cher in chleth chúilfhionn
['s] leth fher nÉirenn.

11 Samhail liom-sa lámhach Logha
ris an onchoin
as í an Temhair os na tolchaibh
deabhaidh Donnchaidh.

12 Ionmhuin ucht geal guth a-dubhart
is a-dérum
ionmhuin súil úaini fa n-íadhann
Guaire glémhall.

13 Ionmhuin baisgheal [5v]
bas ríogh Caisil as cruaidh buille

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do bhronnfadh glac ghlan an gille
cradh na cruinne.
14 [M?]aith a mhátair maith a athair
iomdha a sorthan
láochdha mer a fherg ’sa anfadh
geal derg Donnchadh.
15 *Éire búadha
beres each an chnesbháin chonchair
engnamh is einech do iomchair
deighech Donnchaidh.
16 Donnchadh Cairbrech chosnus Mhumhuin
mer an *gialla
lingfid fáoi a guirt [i]sa glenna
’sa huirc fhionna. Cionnus ...
17 Cionnus rachad o Shaidhbh Caisil
nar chealg fráoichlionn
a haghaidh lethan sháor súlchorr
cáomh da caoinphioll
áluinn a tri lis fhíar úrthrom
síar da sáoirchionn. Cionnus rachad ...

151

*Deacair comhaireamh a chreach

[RIA 645 (24/B/27), 266]

[Deibhí, Dán Díreach]

Blogh do Chaithréim Donnchaidh meic Ta[i]dhg Ruaidh [Uí Cheallacháin] annso síos

1 Deac(h)air comhaireamh a chreach
O Ceallachán céimairmheach
a-ta róin ríomh a shiubhal
gníomh as coir do chuimhniúghadh.
2 D’iomad a chreach os a chenn
ni cosmhuil uile a n-áireamh
dul ’na seilbh do dhénamh dhamh
feidhm ’na dheghaidh is docar.
3 Níor ghar a n-aireamh uile
creacha Coise Carrthuighe
mor mbo gan cheilt ’na chreachaibh
da mbreith do ó Dheiseachaibh.
4 Do chuir Muigh Dile air dith cruidh
(i)’s Oilen Muireoige ar mad(h)uin
Ard Ferta do airg go sal
ón Aird Creachta go Casan.
5 Do creachadh leis léna mhór
Coill na Tuirech le a thrómshlógh
Sron Chaillige do chreach sin
maille re a chreich do [chosain?]
6 Béal Átha an Cháolaigh do chreach

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

Coirce an(n) Bhuidhe cuaird airmheach
berta Dhonnchaidh as diobh sin
gach gniomh ordhreic do arduig[h].
7 Baile Í Baoi gan chródh do chuir
do chreach Caislean an Grásuig
Ros Meic Eoghain do airg thiar
gan bheóguin do airg Aird[...].
8 Sluagh meic Oilen is ard blagh
tar Siuir soir mar do-chuadar
laoich fan gcradh nar dhrodh dannair
mar lámh toir a tto[.....].
9 Cill Teighnein do loiscidh leis [268]
gniomh is mor é re aithris
sí a bhfoilmhe mar chách do chuir
Rath ó nGuibhne do dhíthigh.
10 Go Sliabh na mBan bFhionn do ar ndul
sluagh Donncha[i]dh dána an siubal
o dhruing mur do chreach gach cuan
creach a gach druag[.....].
11 Creach mhor o Lios Rúanach rug
ní cosmhuil damh a dhearmad
Cill Forghlan gan chrodh do chuir
comlom da gcur le chreachaibh.
12 Cairgin na Serrach mar s[o]in
Domhnach Mór uaidh gan *aonbhuin
creacha bó ar a bre[i]th do chuir
da mbreith do ó na Dumchuibh.
13 Tar éis creachta críche Gall
'na gcró catha 'na thimcheall
cáor shluagh o Eallaimh do oil
go n-eanguibh sróill re slóghaibh.
14 Coill na Manach ga mo blagh
Magh Caisil do chreach Donnchadh
is Tuath Rois an uair eile
re chois ua[i]dh go n-arg[...].
15 Crodh Cuanach 'na cheann do chuir
d'eis an Aghasdar d'arguin
creacha Oireacht uair mur sin
le roinneart uadh da n-arguin(n).
16 Drom Caoin 'na labánach leis
Drom Bainne biaidh da aithreis
Ráth an Bharraigh is dá bhlagh
sgáth re nGallaib ui g[.....].
17 Creach Lesa Laoich do (do) dhénamh
is creach Chróich an Phuirséaluigh
(i)s Dún Déide re sal mur so
ní rad breige na *mbath[....].
18 Cos Mhaoil Chéirde as deimhin do

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

do chreach agus Cloch Gleannó
Ceann Sáile do chreach ’san chéim
taille na gcreach a chathreim.
19 Gleann Corbraidhe do chreach [sin] [270]
ó ttug mór chreach air maidin
tug ó Thuínn Chlíodhna do chródh
gan bhuing diomda do Dhonnchadh.
20 Le truime a chreach fa cheim lan
do bhí a mBealach na gCrosán
go *midin gidh eadh do an
gan tegh (?) tar bagur biodhbhadh.
21 O Dhun Úrlann taobh re tuinn
do chreach sé síos go Sionuinn
sliocht a fhoghla ó muir go muir
comhla do chuir re creach[aibh?].
22 O Ceallachain na gcolg sean
clann Uilliam leis do lingedh
ní thug síodh ’na ághaidh uaidh
crioch gur aghain an athuair.
23 Ar foslongport faoi do chuir
d’éis na gcreach dho do dhénamh
agaidh a gcathir Chinn Lis
linn is fachain da aithris.
24 Musgraidhe Cuirc do chreach soin
tar eis Eatharlach d’foghail
sith gan uaim ana aghaidh
a bfhrith uaidh ’na *n-easbudhaidh.
25 SeanRathan [i]san tír thoir
is I(o)bh Faigthe uadh d’argoin
da mbeth ar a fheaguin[sa]
do chreach Baile an Bhisdéluid[h].
26 Baile an tseanChaislean roim righ
do chreach-sin da Choill Mabín
Coill Clúana do chreach mur sin
a-steach uadha do fholmhuigh.
27 Mar cuis diomdha ar Dhonnchadh sin
tri creacha Cairge an Unnraidh
Cluain Dallain ’na ccenn do chuir
is Ceall Ghallain uadh d’arguin.
28 Ní bfhuill aonbhaile as derbh dhuinn
náchair chreach do chloinn Ghibúinn
ní beag liom a ndaileamh dhe
ní bhem da n-áireamh [uile?].
29 Baile Meic Patraig (ro) thoisg the [272]
ar gcreachad[h] Cathrach Druinge
Magh Chroine do chreach gan bhoin
gár chóire creach da chreachaibh.
30 Dun Guillen gan chrodh do chuir

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Baile Í Ghlaisin le a ghasra[idh]
sliocht a fhóghla ar fedh an fhuinn
tarla gur leam[..... ...].
31 Baile ideir da Abhainn
creacha mionca ar mhionMhanainn
an Chloch Liaith do lomadh leis
as orrad d[.....].
32 [...ig] ó cheann go ceann
do chreach-san mor chuaird aithghéarr
sul fríth ám ar fhaire a gceann
g[.....].
33 [..... ...] creach marr sin
do chreachag leis Lis Fingin
da sgéaluibh a mbeth gan bhoin
sa nd[.....].
34 Do airg sé ní dheachaidh de
Caimthir is Cois Bhríde
mac Thaidhg an gach tír ale
díobh gur airg gach aonbhaile.
35 An Seangharrdha fa toisg the
do chreach agus an Churr Bheithe
Insi Í Chuin[n] do chreach (mar) sin
da leath an fhuin[n] gur fhásaigh.
36 Creach do Chorca Bhig do bhean
Ath Fhada uadh(a) do hairgeadh
Át[h] an Chairn do chreach 'na cheann
ní creach gan ainm da n-áireamh.
37 [...] gcreacha do dheanamh do
Cúil Ceap is Caithir Móna
sliocht a rúin orra do an
Cúil Ó gCorra do chreachadh.
38 [Cill] Chua do chreach mar sin
Cill Uachtair Muighe air maidin
Ceall Tulach do budh tuar cruidh
go romhuch uadh dá hárguin.
39 Nior chumhdach da gcreachaibh sin [274]
ar ndul dóibh fa Dhruim Finghin
le tóir do cailleadh a gcrodh
dóibh níor dhaingen air Dhonnchadh.
40 Do loisg Donnchadh ní dal sguir
Baile na Marta ar maidin
do-chua[i]dh go moch da mu(a)sgladh
an Chloch fuair a forlosgadh.
41 Do-rine se siubhail te
foslongphort feadh dha oidhche
a nDrom Fhada is ann do shuig
adhbhar aga ara fhoghluibh.
42 [...]isdigh Ó bhFearghusa faoi

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do chreach-sin d’foghail aonláoi
mná fer ag bual a mbasa
ar sluagh feadh O bhFergusa.

43 AoibhMagh Coille le cheile
do chreach ger chúis aithmhéile
níor cosmhuil cur ’na chuinne
dul fo horsuin nEochuille.

44 Oighre oiléan na dtreas dte
do chreach Ciarruídhe Chorcuídhe[s]
s(h)luagh sin fa tréan a dtrodaibh
le sén da dtigh tangadar.

45 Ro dhíthigh Donncadh ma(i)r sin
Baile Mhudain ar madin
bith aige a n-aghaidh a chen(n)
fada a fhoghail da haireamh.

46 Do crech Oilean Innsi Duine[s]
tug leis líon a láochra[i]dh[e]
easbadh do-choidh ar a gcrodh
mur do *chreach-sin brúaigh Bhanndon.

47 [Crio]c Clairin do chreach go muir
Cill Tinche is é do fholmhaigh
a fhioch mur do aghain air
c[rí]och gan fhaghail níor fhágaibh.

48 Creach mhor don mhuintir do bhean
Inis Chaoin do chreach se[i]se[a]n
an bhean dubh do chuir gan chrodh
ní bhfuil ar ndul do Dhonchadh.

49 Cineal Aodha nirbh fáth sguir [276]
Cineil mBéice uile d’arguin
Gleann an Cruim do chreach mur sin
ar mbuing da chreach do Chorcadh.

50 O Ceallachain na dtreas dte
a dtimchill chreach Ó gCairbre
bro laoch fá dána(dh) a ndeabhaidh
gaoth ágha ’na n-eitheduibh.

51 [F]earrna na soitheach mur sin
sluagh mic Oilein do fholmhaigh
tárla mor n-edala ann
slogh nar eadána a n-aonbhall.

52 [Ra]itír Í Chearbhuil do creach
ar n-arguin Insi Geimleach
nior bheith gan bhearnadh da gcródh
mur *chreith Bhernadh na mBráthar.

53 [Ra]th O gCiabhadh do airg ann
creach throm ó Thuaith na nDroman
I(o)bh Laoghaire biodh ’na bla[i]dh
díobh gach aonbaile d’arguin.

54 [A]g ro creach on Chaislen Mhor

Roinn na Cartlainne, Col. na Tríonóide, TCD

mac rí fa truime tinol
riom cean(n) do chuir ar mh'aire
ar bhen(n) do Mhuigh Mhuisgruidhe.
55 Glean Fleisge do bheir gan bhoin
Musgraidhe Luachra leis d'argoins
an Ghabháil Cham do chrech sin
do bharr na gcreach do chruin[n]ig[h].
56 ...[e] n-áireamh ní anfadh mé
m(h)einic do chreach Cois Mháighe
creach do gach baile do bhen
da mbedh mh'aire ar a n-aireamh.
57 [...] dobharchon diothmhar dhe
is Cois Chalaidh na Feirse
a bhreith ar bhúaibh 'ga bhfághail
do chreach ua[i]dh(a) go hursanuibh.
58 [...] cuirinidhe do chreach sin
Ceall Annteagharna do fhalmhaighs
creach Enaigh 'na gceann do chuir
do-bherair geall da ngniomhuibh.
59 [...] an Dísirt ar ndul do [278]
mur chreachaibh Cuala is Ochto
mac Oilean a n-uair na gcean(n)
an t-oiléan úadh do hargeadh.
60 [...] da n-áireamh uile
creacha criche Chiarruidhe
an chríoch do chuir as a cruth
a bhfuil da *dtíth re Donncadh.
61 [Ris]derd Paeir buan a bhladh
is maith f[h]uair é re marbhadh
do bhí do chonfadh áigh air
nar doigh Doncha(i)dh 'na deaghaidh.
62 [...] Urmhumhan árd an sdair
mur chách ní mór nar maidhmadh
do ghaibh sé siobhal roimhe
is é a n-ionnad iargoile.
63 [...] Briain is da blagh
do chuir seisean ar siubhal
síol mBria[i]n re haoinfhear níor fhan
do maoidhedh 'na ndiaig Donnchadh.
64 A-ttuaig iona ruaigh dhes
a mBealach Osbéid uaithne
fríth le toir fa cheann a gcruigh
gurbh fearr dóibh [.....].
65 [.....]
ruag ar Mhuiris mac Tomáis
sgeal gan cheilt is daoire dhoibh
eich is daoine na nd[.....].
66 [..... ...] glas

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

an t-iarla is é ’na Shemus
le neart sluagh do lathair leis
a-táthar ua[..... ...].

67 Cródh Mhusgraídhe beg da bhlágh
do b(h)eanadh dhe le Donnchadh
beim san gcrodh gur doilghe dho
ar mbreith ar oighre an iarla.

68 Magh Dhonnchaidh dá n-airmhinn air
sgéal ordhraic é fan [..... ...]
cuid dá bhlagh é í(o)s da fhalaigh
do gha(i)bh se [.....].

69 Magh Carrthaigh Mór ga mo blagh [280]
cuid da chlú a chur ar siobh[al]
a eich i(o)san deabhaidh dhe
beanaidh ar mbreith a bhuaidhe.

70 Ocht n-eich deag do dhiogras sguir
do bhean do mhac meic Dhonnchaidh
ní mór nar maidhmadh se sin
’sgan é dana[..... ...].

71 Eogan mac Taidhg b(h)eag da bhuaidh
do mhairbh a measg a mhorshlua[i]gh
re trean orthaibh san ionad
sen Donnchaidh da de[imhnioghadh?].

72 Do bhí a mbun Bhaile an Cholaigh
le a shluag siubh(a)lach seanamhail
Ó Caoimh airna bhreith a mbroid
gur sgaoil ó bhe[i]th ’na bhra[gha]id(h)

73 Sean Ciarraidhech cuid da sdair
a ghabhail de ní dheachaidh
marbhadh a bhuighne as bert áigh
ní terc cuimhne ara chonmháil.

74 Brugh Mheic an Chaim do chreach sin
Ceall Lúirighe Lios Tuathail
ní rachadh acht sluagh mur sin
fan Achadh Mór ar maide[i]n.

75 Baile Í Chaolaigh a c(h)rodh do chuirˢ
Learg Ó tTorna do dhíthighª
do-níd a sgar síthe ar siúbhalˢ
cródh críche do chruinniughadh.

76 Tug Ceall Fhiachna a n-easbaidh cruidh
Ceall Fhloinn is é do fhásaigh
beart fa-dera damhna guil
Garrdha an Fhedha do fholmhuigh.

77 Crodh Dubhátha an lá-sin leis
(i)s ocht n-eich deg ó mhac Muiris
tug sé a n-ionnad d’foghailˢ
gurb é an siobhal séanamhail.

78 O Fhiannaid ar an dtaobh thiar

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

go Dubhath do airg d'áonrian
meraidh go brath ana *bhlaith
fa[th] a deana[i]mh do Dhonnchadh.
79 Ath Te agus Senbhoith mar sin [282]
do chreach is Cnoc an Iubhair
líon cen do-choigh fa oireacht
nar bhean toir 'sa dtoraídheacht.
80 An Choill Mhor m(h)einic do chreach
ní bhiam uirthe go háirmeach
iomad a mbuair dha mbreith leis
gach uair mur *chreith ón Chl[...].
81 Rug Donnchadh mas doil[i]g dhóibh
creach ó coilltibh O Liabáin
níor lean tóir da aithle air
da aithne dhóibh ina ndeghaidh.
82 Drom Árd 'sa[n] Cheapach da chreach
Baile an Garrdha 'san Ghráinseach
brath air a mbuaibh mur tharla
go Cluain Cath a cumarda.
83 Raith na Saor do lomadh leis
Ceall na Fioghnoige fagbhu[i]s
terc dhibh nachar chuir gan chrodh
a bfhuil don tir 'na timcheal.
84 I(o)bh Connaill mur do chreach sin
sliocht a dhithe a ndíaigh Donnchaidh
níor mhaith an doigh déanamh air
tóir da fheghuin do adhaimh.
85 Dun Cip arna creachadh dho
Caithir Easa Ath Daro
do chreach Croma mur an mBrugh
a breith orra níorbh annamh.
86 Tulach Orbhaidhe an fhóid te
Ath Níd is Buaile Bhaile
Tulach o *bhín blagh gan bhéim
linn da car ana caithreim.
87 Gan aonbhaile do dhul de
gan creachadh do Chos Mháighe
tir biodhbhadh do chu[i]r gan crodh
níor sgu[i]r diomdadh do dea[namh?].
88 Creach an Duibheannain díobh so
ó Bhrugh Rígh rug trí chreacha
fa Raith Chano(i)nn do-chuaidh sin
is rolom uaidh do fhag[aibh?].
89 Mac Ríain (?) sa Dromain do^{s} [284]
do chreach agus Cnoc Samhna
Dún Crot is buille ar a bhlagh
is Cnoc Luinge do lomadh.
90 Do creach O Ceallachain s[o]in

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is Builgidin an Bhosga[i]dh
creach Aine le a gcreich do chuir
ar mbreith bháire(dh) ar a bhiodhbhaibh.

91 O Cill Mho Cheallóg do bhean
creach is córa do mháoidheamh
dar linne fa bhlagh gan bhéim
cradh na Cille 'na chaithréim.

92 [...] an Ruighleigh beag do bhlagh
do chreach is Carruig Sidthaig
mac Taidg i(o)s [gan?] aire air
Baile an Aird no gur fholmhaig.

93 [. ..] Shiurdain 'na gceann do chuir
is an t-Oispidéil d'arguin
gan luagh agha da n-easbaidh
an sluagh [..... ...].

94 Do c(h)reachadh leis-sin Loch Guir
an Connтaoi as cuid da sgéalaibh
a ndeóig a ghniomh ar Ghaillaimh
di[..... ...].

95 [Caithir] Gobain gniomh aigh[s]
is creach Chaisleán Ó Liatháin
Rath Chormaic do chreach mar sin
as creach ordraic [.....].

96 [.....]
Cill Daighnín dó airna harguin
tóir ag ceileabhradh da [.....]
[.....].

97 [Creach?] Thigh an tSeiscinn teas tug
creach bó is baile Bhódug
an Choill Mhór gan chrodh do chuir
nior lor gan chor 'na chárt(h)u[i]g[h].

98 [...t] an Bharraigh toisg the
crioch Bharrach do airg uile
[.....] go mall a-muigh
gan oilean ann nar fholmhaigh.

99 Baile an Curraigh do chreach dhíobh [286]
Dun Céidil is Cill Cuirchin
creach do Léim Lára do bhean
do budh céim dána a dhéanamh.

100 Baile [na?] Cloiche as derbh dho
do loisg é a gceann a creachta
[.....] thuinne as a crodh do chur
a luime ar ndul o Dhonnchadh.

101 [Ní?] cosmhuil nachar creach sin
Ceall na Mallach uair éigin
[sc]uain air a chreachaibh níor chuir
go ndeachaidh uaidh air aireamh.

102 [G]arda a gcaisleanaibh do chuir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar comair chloinne an Bharraigh
[slu]agh Dhonncha[i]dh ann re n-aghaidh
mall orthaibh ag anamhain.

103 [Baile] an Chaisleán do chreach sin
Barraigh ann agus Roisdigh
[a shl]uagh ar ndul go dorus
gan sgur uadh le hurúghas.

104 [Creach do] Ghleannamhain gníomh aigh
mor mbó 's do Bhaile She[a]áin
Móin Ainmne as a ródh do chur
a bfhailme ar ndul ó Dhonnchadh.

105 [Baile] Atha hUbhla mar sin
Baile an Droichid do d'arguin
[do] cuir an chreach-s[a]in re rádh
easba[i]dh cruidh ar an gComan. Crioch ...

152

Deacair dul i ndíoghruis gráidh
[RIA 743 (A/iv/3), 816]
Eochaidh Ó hEódhusa (?)
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Deacair dul a ndioghruis gráidh
cóir fuirioch lé fios compáin
grádh fhir gan fhéghain reimhe
nír dhligh dénaimh deithfire.

2 Neach nach ttabhair acht toil mhall
as [s]í as sía ar comhall[s]
ni fer énsdairi é sin
an té as ésgaidhe n-aignidh.

3 Gnáth dhóibh-sion ni dál solaidh
lucht an chumainn chédlodhaigh
ionghuire ghearr ar an ngrádh
ferr an ionmhuine iomlán.

4 Neach dhoirtius dioghruis a ghráidh
nó go measann méin chumpáin
as annsacht báothghloir do-bheir
cláochládh tré fhall[s]acht n-aignidh.

5 Ar an adhbhar-sa as é a shuim
ní gnáth linne lúas cumainn
lucht an tsoghráidh ní díbh dhamh
bím dum chongmháil ó a gcleachtadh.

6 Ni charfuinn go bfeasuinn féin
ar rádha áoinfhir iad-séin
an lucht comtha do char sinn
damh gér thoghtha fá thúairim.

7 Da ghéig(h) úaisle d'fionfhuil Chéin
searc Conuill nó cion Caitléin

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ni ghébhuinn ’s gan mhé dhá meas
féghuim é mar as oirchios.
8 Ní chreitfinn ó chách oile
bheith dhoibh ’na ndíol ionmhoine
go dol ’na ndeghaithne dhamh
fá thoil mhédhuighthe ar menman.
9 Móidi mo ghrádh da ghrúaidh nduinn [817]
dul damh a ndioghrais Chonuill
dreach líoghairthi fan seang sriobh
le a fhíoraithne as ferr ei-sion.
10 Mar sin damh-sa ré a de[i]rc ghlais
méd m’aithne ar inghin Shémais
fáth ar roghrádha as [s]é sin
dá gné dhonmhálla dhíllidh.
11 Táinig mo thoil lé a ttoil sin
táinig mh’aignedh lé a n-airrgibh
tánuig mo chédfaidh lé a gcéill
cáruid ar éntoil iad-séin.
12 Ní fuighthi úaim mh’feracht gráidh
ar dheilbh nó ar dhortadh comhráidh
grádh séd na úaisle fuile
ní brég úaim-si mh’ionmuine.
13 Ag rioth do reir mo thoile
ní bhím mar bhíos clúanaire
barr teisdi don té nach tuill
más meisdi mé ní mhesuim.
14 Ní chleachtuim féin ní fiú liom
mar mhóran d’éxib[h] Éirionn
do gradh neith d’foghail ó fhior
bheith dam fholáir ar éigean.
15 Leó as mionca mealltur meisi
inntinn tromdha thairisi
caidremh iongrádha dh’fior
aignedh diongmhála daingion.
16 As é sin adhbhar mh’annsa
don chúpla seang súlmhall-sa
ní íarruim acht toil ar thoil
ag soin a n-íarruim orrthuibh.
17 Go húa Bríain an bhruinne thais
go hingin shúilchuirr Shémais
is mé ag caidreamh cáigh eile
do-chúaidh mh’aignedh dh’airidhe.[x]
18 An dá Áodh lér hóradh sinn
mo dhá rún d’úaislibh Éireann
a ttoil ní fheacadh tar ais
nír dheacar dol ’na ndioghrais. Díoghrais ...

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

Deacair innreamh na hóige
[O'Conor Don, 256b]
{Eochaidh Ó hEódhusa}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Decair innremh na hóige
re ndul di a ndáil urchoide
a los anúmhla is f[h]err d'fhior
cenn a harádhna d'f[h]illeadh.

2 Toil ógmhná a n-íarnoch cengail
cosg ar chédlúth n-óigserraigh
dúil chédfhiadhaigh con do chlódh
a tol egciallaidh d'iompódh.

3 Mór an t-iomchor lén héidir
ar áis no ar áoi bfhoiréigin
báos a céidmhire do chlódh
go n-éignighe áos ógán.

4 Cumhachta a ccenn na hóige
cumusg is cúis urchóide
feacadh a reabhroidh a-ráon
decair menmoin [na] macáomh.

5 Bar n-iomlot etorra sin
cionnus mhestáoi a Mhég Uidhir
terc do fhédfadh gémadh ál
nert a ccédfadh do chláochládh.

6 Do chuirsiot cethra bíodhbadh
fáth gúasachta a ngnáithíorgal
aighthe rinnlíomhtha a n-arm ort
a bhádhbh fheidmfhiochdha edrocht.

7 Óige is airde ngarma
nert is úaisle athárdha
airrghe a ccoimhfhillti is dlecht duit
toirinnte nert mur námhuit.

8 Gairm airdríogh nó umhlocht cháigh
mó an cumhacht dot cnes thonnbláidh
a éigne ó bháins[h]riobh Berta
sáirgiodh éigne h'aigenta.

9 Gár bheg dháoibh da derbadh sin
da ttuigthea a tríath ó nUidhir
frith gabhlán [an] iúil annaimh
do comhrádh triúir tarramair.

10 Tríar feallsamhon fada ó shoin
do fhíarfoidh d'áithesg éinfhir
cía an úair-sin fa huille a tteinn
d'úaislibh na cruinne a ccoitcheinn.

11 "Cumus do chor 'na chonchlann [257a]
do réir m'iúil is égcomtrom"
do bé comhrádh dhuine di(o)bh

Roinn na Sleibhe, Col. na Tríonóide, TCD

“’sa[n] domhan uile ag éinrí(o)gh.”
12 “In t-enrí is treisi ar talmhon”
fregra an dara feallsamhan
“mó a thenn na begaidh-si a bhlaidh
cenn na hegoilsi ar n-athair.”
13 “In tí is treisi ar a thoil féin”
freagra an treas duine dhíbh séin
“is é is nertmhuire fo nimh
da ccertoighe é ar éigin.”
14 Tugsat úmhla as é a-deroir
d’aithesg an fir dhéighionaigh
*nú is adhairthe as a n-ucht
a labhairthe a Chú Connucht.
15 Decair cách do chur fa a smacht
úaiph féin go bfaghtháoi úmhlucht
na hiar gan f[h]reasubhra ribh
go ríadh esumla h’aignidh.
16 Ar mhéin ttromdha is tréigthi dháoibh
c(h)lechtadh na ccluithe ndiomháoin
sguir do dhéinimh a ndernuis
luigh ar tréighibh tigernuis.
17 Sechain ó táoi mur táoi-si
menma do mhac ccomháoisi
cora a chédbrath fhuinn Erca
súim a n-égnach h’oirechta.
18 Cora na an chédáos comtha
egnoidh fhoirfe fhoghlamtha
ní dligh nert é nó annsa
da mbé cert fad(h) chogur-sa.
19 H’aire riot do réir do grádh
córa na caidreamh báothan
dlighthe suadhánroth a(i) sen
slighthe fúarans[h]roth filedh.
20 Do cuirfidhe a n-iongnad ort
ó nach tusa Cú Connocht
na báoithcerda nár bheim dháoibh
ré ceill mháoithlenbdha macáoimh.
21 Lór duit a nderna reimhe
mac riogh Frangc fecht dh’áiridhe
’na chéidleanabh do reic ribh
a meic d’éigneghadh h’aignid.
22 A ló éga da athair
leinb an dúin ’na ndréuchtchathaibh
do bhadur-son báoth an dál
ógghasro(i)dh mháoth fán macámh.
23 Ní haire ar imsníomh éinfhir
tarla ’gun droing dhícheillidh
gur bernadh fán sengglan sáor

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

réabhradh menman na macáomh.
24 Ríoghaid flaithe na bFrangcach
don chor-sa cúis iongantach
an máoithleanamh go mbéin mbrais
a cáoimhtrealamh féin fágbhais.
25 Íadhaid a n-éinfhecht ime [257b]
slóigh na ccríoch a ccoitchinne
áos gráidh in tírei-sin thoir
primfhisidh cháigh a ccónsuil.
26 A moch na maidne muiche
iarruid a áos *comhchloithe
an t-óigrígh tar aithne ccáich
don fhaithche fhóidmhín d'iomáin.
27 "Oráoid libh na lenuidh dhiom
ní mé" ar sé "óigre an airdríogh
ní thig úigh oibre leanbhdha
dhúin a coigle cairdemhla."
28 "Slat na ríghe ráinig sinn
ar chamán ciodh fa ttréigfinn
lé báothghlór gach macáo[i]m mhir
ní cháochlobh d'athaoim aignidh."
29 "Tigidh budhd-esda im iongnais
tú" ar sé "a seilbh fhlaithemhnuis
a derbhchéile acht gé doirbh dam
leinbtreighe oirn na híartur."
30 Fillid* fá athtoirrsi úaidh
lucht a cumainn an cédúair
do-roinne diombríogh da ndáil
coinne inríogh an ogáin.
31 Na bíodh 'na himpidheach ort
an áois óg a Chú Chonnocht
tuc deghóigh bhabhdha brais[s]
don tsenóir anma fúarais.
32 Na seideadh lé sithe neirt
fíonfhuil Chuinn na ccath n-óirdheirc
a hiomgháoith 'na heidil mhir
id lecain fhionnmháoith fháoiltigh.
33 Na comhráithe do chan sin
tuig-si a rí f[h]réimhe hUidhir
críoch a nderna is dénta dháoibh
tregtha do mhenma a mhacáoimh.
34 Na cuiredh áoibhle th'úabhair
iod ghnuis corcra ar comluaghail
a mochmadan ré muidh síon
t'fhothragadh d'f[h]uil na n-airdríogh.
35 Na fiuchadh fuil na cColla
iod ghnúis mháoithghil mhónanda
nó an Eóghancrú as ar fhoilc sibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a leomhanchú guirt Ghaoidil.
36 Na tábhradh óige ar t'f[h]olt sli[o]m
nó dúalgus airdrí[ogh] Éiri[o]nn
a núaluisne fhine Airt
mire h'úabhair-si d'aghuint.
37 Dóchas shlechta Gáoidhil Grég
na meth orra a mhic Mairgrég
áirghe inríogh is díor dheit
a gríob na n-ilghníomh n-oirrdheirc.
38 Tú an dóigh d'ógbhaidh Gaoidhiol[s]
tú an brath bhíd do comhmáoidiomh
tusa cú cáomhanta a ccruidh
tu is áonsompla dá n-ógaibh.
39 Tú a ndóigh do dhíon a ratha [258]
tú a-mháin a mbrath ríoghfhlatha
tú a n-echtpost ar bru berna
tú cédchosg a ccinnemhna.
40 Tú cor a n-anma ós cionn cháich
tú ísliogh ad[h] a n-iomráidh
tú a ccáomhna 'sa ccaithimh sin
a naithir áobhdha esgoidh.
41 A bhláth géige a grían pháirce
a nimh do-ní iocshlainte
a ríomhchur na rúag ttroide
a sgúab fhíochmhur Fhanaide.
42 A chusbóir sul na sengbhan
a ré nach ró uirbernadh
a fhúarsruth a bheól buinne
a dheór bhúadhach bhalsuime.
43 Is é an tegusc a-ta ort
do bhí ar Áodh mac Con Connacht
da mb(h)e gan adhbhar aige
sé d'ádhradh is usaide. Decair ...

154

Deacair iomlaoid chlann gConaill
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 82]
{Cúchoigcríche Ó Cléirigh}
[The apologue beginning at qt 19 is published by E. Knott in *Irish Syllabic Poetry*, 67-9]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Deacair iomláoit chlann cConuill
iomláoit is f[h]err ni bfhuighinn
minic dhíobh cnú os crobhuing
síol Conaill 'sa chlú cuirim.
2 Clann Conuill gan cló n-ei(o)nigh
gach dáimh mur thoghuim toghaidh
dlighthir (?) tríall go tráigh tToraigh

Roinn na Scéalaíge, Col. na Tríonóide, TCD

gabhaidh damh [riamh] mur roghain.

3 Mor sgol togus mur thoghuim
dul da malairt ni mholuim
breath na[ch] du ar ceilt da gceilinn
beirim breath [ceirt?] le Conuill

4 Geall rinn ar gclú da gcuireadh
a llinn clú os gach calad[h]
d'fhuil Neill ca dírge(adh) dligheadh
(a) sgribhne a bfileadh fé[i]n fagh(th)ar.

5 Togha ar crú cCuinn da gcuirinn
rogha an uird cnú don crobhuing
a shamail ann ni fhaghuim
gabhuim raghain clann gConuill.

6 Ni scél sin ar fhén adhar
ma théid sibh a lleth (na) leabhar
ge bé bhás f[h]earr d'fhóir Mhuman
geall Uladh dóibh ni dleaghar.

7 Ulltaigh féin fa chlú cuirim
dréim ar chlú risin gcrobhuincc
thall ni fhionnmaoid go bfhuighinn
sguirim d'iomláoid chlann cConaill.

8 Rogha shíol cCuinn an Calbhac[h]
síol cCuinn ga brath do Breaghmach
minic rígh do ráith Luigh(i)dheach
súirgeach ngní(o)mh re táth Teamhrach.

9 Crích Cobhthaig[h] dh'úaim 'na amhuill
do-chondchas an uaimh d'Áoibhill
minicc fríth d'úaim ar Éirinn
crích Fheilim d'úaim a n-áoineincc.

10 Fiond Fanad fear a tabaigh
braighe ghill leasa Lugha[i]dh
mur gach n-ágh do bhí ar Bhreadhuibh
Teamhair a lán cráoi cubhaidh.

11 Gidh mac rí[ogh] thú ar fhonn Oillill
tú an rí 'sa lorcc da leanoim
a éasccá lán chla(i)nn cConuill
Coluim thall da rádh romhuind.

12 Tú an tshlat d'fhiodhbaidh Airt Éinfir
o fionnmhuig Airt ar í(e)arraidh
cía im Boinn nar chuir fa cánaidh
fuil Dálaigh róimh do ríagail.

13 Ar mheas Gaoideal guirt Oilill
meadh dhuit d'áoinfher ní fhoghuim
damhna righ thort ni thoghuim
tar shíol cConuill ort anuim.

14 A eóin d'ealtain bhrúaigh Bóinne
do budh úair treabhta tnúidhe
na gláin gáoil lér ghabh Ére

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

dáoibh féne is gar na glúine.
15 Nir gheall me rogha romhoinn
an te do thoghus toghuim
mur chuid chroinn is tu thoghuim
anuim do roinn chru gConuill
16 D'fhé[i]n Bhanbha ruccus roghain
an Calbhach ursa an einigh
d'fhuil Chuinn ni fhéachfum (?) d'fholaid[h]
éncrand toraidh fhuind Fhuinigh.
17 Ró muirne ar tacht 'na thúaruim
da mbedh oirne i ngach éneing
ni druim da bhrígh do-bhearuinn
re rélluinn ríogh fhlaithe[r] Fhremhuinn.[s]
18 Fuarus ar bur séd samhuil
sccel súaithnidh ar bur sligidh
lorg sgeóil tre leabhraibh leanaimh
dleadhur leanmain eóil d'fhilid[h].
19 Ollamh Chormaic triath Teamhra
ios Cormac na gclár ndiomdha
cás nach cóir do labhra[s]
tarla ar bfhás doibh 'na diomdha.
20 Ceart ón rí[gh]-sin 'ga roibhe
nir ghabh Fitheal an file
diongna thoil do thír eile
gur shín roimhe o mhadh Midhe.
21 Ollamh fuinn Tuathail tríallaidh
go Cruachuin an fhuinn féaraigh
sé da ghac áon is úamhan
fa táom uabhair é ar fheachuin.
22 Mac Airt Áoinfhir da bfechadh
leis 'na eagmhais dob uathadh
rí o bfúair gach dámh ditheal
Fitheal úaidh a gclar Crúachan.
23 Cairbre oighir chráoi Connla
nír fholaigh a maoith meanmha
ceól na fíon bhile Banbha
damhna riogh thighe Teamhra.
24 Lán do bhrón é fa fhilidh
fáth a bhróin a gcéill cuiridh
úa Cuinn fa horrdeirc n-[o]inigh
oighir Cormaic fhuinn F[h]uinidh
25 Cairbre an úairsin síar síridh [83]
go híath Crúachan 'na cheimibh
móid nir chonnaibh re clíaruibh
d'iarraidh ollaimh fhóid Eimhir.
26 Beirios beó trath gan toirneamh
na heo gan fáth nir haingeadh
da breac bruaich na leac linnmear

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

fúair ar inber breac mbaillgheal.

27 Cuach ar tús do lacht linidh
an chnú do cnúas mac Milidh
fear nar fhúar croidhe um clíaraibh
iarraidh cuagh oile d'f[h]íors[h]roibh.

28 Breac beó in gach cúaigh cuiridh
beo na mbreac nir bhuan gcomhair
tug go fúar ar dáimh doilighh
soighin graidh fa tuar toraidh.

29 Nirb fhada beo an bric chorcra
ar a bheó as-tigh ní teachta
se ar na cladh san cuagh lachta
dalta trath f[h]uair da eachtra.

30 Eo an cúaigh uisge ar a n-agaidh
dar dhúal uisge gach orir
an t-eó nar mhall tre maruibh
mairidh beó ann gan oidhidh.

31 Crann phailme d'fhiodh an einigh
Cairbre an crann fa tiugh d't(h)oraidh
fada rind rand a chinid[h]
re filidh clann gCuinn canaidh

32 "O threicceas duine a duthaigh
tuicc ar n-eiccion a Fhithil
do rer an da eó ar fhechain
féacha[idh] fen nac beó bithar."

33 Ceann na tromdhámh soir sínidh
do muin an comhráidh céillidh
d'fios *cinn Cuinn re clíaruibh
triallaidh file(dh) fhuind Eimhir.

34 Teid le Cairbre craoi Lugaidh
dráoi Cairbri is a chinidh
dhó dob e am(adh) a chuiridh
cuiridh se and don fhilidh.

35 Fitheal re Cairbri ar gceangal
Cairbri d'Fitheal dob urrad[h]
ar gclodh do fhuair an t-ollamh
mór mbronnadh úaidh gan hullamh (?).

36 D'oighre Cairbhre o chlar Bóinne
re Cairbre os[a] tráth tnuidhe
gar gáol a gclú da chele
táobh re bfhéile is dú duinne.

37 Medh clú na gcedfer ceang[l]aidh (?)
a gclú ar énfer ac anmhain
tonn clú do thuil 'na tonnmu[i]r
foghlaidh a cruidh clú an Calbaigh

38 Breac an lachta is é ar samail
tar eis eachtra gach oirir
mithid do a chlíar do chabair (?)

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag so ragain fhian Oiligh.

39 Breac a n-uiscce(dh) díom denaidh
duit-si os ac díol gach enfhir
caithmeach crú Cuinn re clíaruiph
tiaghair do druim clu a gcéimibh.

40 Clu i ngach aird orrtha ar fhegain
Cormac ’sa[n] Cairbre o chíanuibh
ar fher a clú is da denuim
clú énfhir rú do riagail.

41 Damh ré(dh) na tána toghuim
*do fhineadh Dálaigh mur dhlighim
méd a dhúas ann ní fhaghuim
clann Conuill súas da sirinn.

42 Fada misi am dhaimh dheoradh
in náir leis os da laoideadh
mana beime hé ar fheugan
d’enndamh ré(id) glere Gaoideal.

43 Foirend tilidh fhóid Fhuinidh
náir gan fhilidh ’gan oighir
ni budh rí do ré[i]r dligidh
ri gan fhilidh d’fe[i]n Oiligh.

44 Fuireach a gcrich da gcuirinn
gan toigheacht a tír Conuill
cuid dar gceas in uair anuim
nach bfhaghuim Eas Ruaidh romhuinn.

45 Cúan Sionna na sreabh ndhathgeal
sinne as ar gceas ní cuirfeadh
ód-chluin sinn lúadh ar Lei[th]fer
*cion linn ag cúan chuirt[h]er (?).

46 On toil ní fhuighinn anmhoin
cuirim lér thoil gan turbaidh
siaide an toil o linn Luimnigh
do chuimhnigh sinn magh Murbaigh.

47 Fuinn Fhinne tar íath Siúire
dar linne is íad is áille
go treicfinn toil tragh Dháoile
do shlán fáoinne a magh Máighe.

48 Coig righ do riar an Calbaigh
do-níth ar ttriall gan turbaidh
cach linn benair go Breaghmaigh
dleag[air] lea[n]muin *ciad cunnraidh.

49 A diol fhir an fear thoghuim
ar meas gach f[h]ir da fhoirind
rath Breagh an gardha godhuing
gonoim fear d’adhba Oilill.

50 Iomdha brath righ gan righe
do-ní brath nach brath núaidhe
aire mhúir Cuinn re céle

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

Ére ac tnúth re tuinn túaidhe.

155

Deacair tagra re treise
[RIA 6 (23/I/40), 45]
[Deibhí, Dán Díreach]

Deacuir tagra re treisi
ni thig don te as eittreisi
da bfesa[dh] fremh a dhiomdha
sesa[mh] re trén tigherna.

Snamh a n-aghaidh esa d'fhior
nó as iris ghoid um ghainiomh
no as cabhuir ar gcladh ccatha
lamh a n-aghuidh ardfhlatha.

Mar so as sruth a n-aghuid áird
mo shiúit re mac mic Riocaird
is edóigh ge madh doigh dham
cóir no egcoir da n-iarfadh.

Leghuidh go bráth beg a suim
an chóir bhios a mbél anbfuinn
dana ni bhiam a bochta
da ttrian cára cumhochta.

Fáth ar ttagra re thaobh slim
cuid mo shen d'inis F[h]eidhlim
thegmhus di mar [a-]derar
si d'eglus da hainmneghadh.

As í ar ndoigh da ndernadh cert
m'f[h]erann don iarla d'oigreacht
b(h)uain ar ndúthchais féin dar bhfuil
da chéibh chulchais nar chosmhuil.

Na crededh a reacuid ris
ni port oirne an t-aos aimhlis
dream nach bhfég d'ulc an iarla
lucht breg & baoithdhiamhra.

Um riocht féin as ferr damh-sa
aga agra 'mun adhbhar-sa
na bheith um iarla eile
re dhreich niamdha naimhdeighe.

Lamh thréan ar thoil gach anbhfuinn
cenn egnaigh [an] anforluinn
aodhuire is breithemh na mbocht
feithemh caomhmuige Connocht.

Gan dul oirne don iarla
far gcúis da chruth mínniamhdha
doigh lem a los ar loige
fos fa cend is coroide. Deacuir ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

156

Deacair teacht re tréan Barrach
[RIA 5 (23/D/4), 355]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Deacair teacht re tréan Barrach
búain fútha is feidhm dúlannach
búan a séan socair a seal
docair a ttréan do thóirneamh.

2 As ionann remheas da rath
is ré do rioghraidh Bharrach
leomhain roroda an rém ghlan
comhfhada a séan 'sa saoghal.

3 Gníomh doighéanta cur 'na cceann
laoich Bharrach nar bhris coingeall
dream is cothaighthe reacht ríogh
dochuirthe a neart a neimbríogh.

4 A hucht onóra a bprionnsa
a-táid an dréam daingean-so
gan eagla Gaoidhil na Goill
saoirfhir na bfreagra bhfoirtill.

5 O nách toillfe an treabh fhortail
fearg an Choimdheadh chomhachtaidh
beag sluaghadh na gleó 'na ngar
is uamhan leó da lagadh.

6 Ón ló fuair a sinnsear sin
a chuid ronna d'(f)iath Uisnig
slógh síothlannach nar éar fear
tréan fiorBharrach nír filleadh.

7 Nír cuireadh ar ccúl a neart
nír féadadh teacht re a ttreiseacht
leó féin ar ghabhsad do ghréim
céim fár ansad a nEirinn.

8 Rugsad leo do lathair ghliadh [356]
roinn chosmhail do chrích Mhaicniadh
do chruas a cceimeann 'sa ccath
dho luas beimeann na mBarrach.

9 A-táid gan túrnamh a neirt
o shoin ar aba n-oirbheirt
san ghabhaltus chríoch is chloch
fríoth le barántus Barrach.

10 As é is prémh da neart a-nois
Daibhi síneighre Séamois
griomh natharrdha na ttreas tte
do sheas atharrdha [a] aicme.

11 A raibhe ríamh roimhe sin
a cceannus chrích a shinnsir
seannsdair na nGall-so 's a ngníomh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

társa do dhears[c]naidh Daibhí[odh].

12 Mac mheic Risdird na ruag moch
o fuair ceannus cláir Barrach
da ló do laghdaig a réim
is mó do ardaig iaid-séin.

13 Cosnaidh Daibhi do dhruim neirt
do bhrigh umhlachta is oirbheirt
fuinn tshoileonta na síodh sean
ge gniomh doighéanta a ndidean.

14 Sódh a ttreoin túrnamh a rath
ni lámh cara na cumthach
ní lámh biodhbha tocht re tteann
giodh iomdha olc na hEireann.

15 Crioc Barrac mor na ttracht tte [357]
a-tá re hathaidh uirrthe
buaidh a hanacail ar olc
an maghsocair fuar eadtrocht.

16 Ní buadha cloch is dion di
ní fe(adh) fiadh thainig thairsi
fairche fhuar na síthlearg sean
ní díonceard druadh a didean.

17 Diorga a bhreath mire a mheanma
cruas is calma a ttigearna
a móid fhir nach claonann cruth
is díon do bhraonfhonn Bharrach.

18 Ad-chuala an Barrach brath sgol
dar leat an beagán briathar
do ghlans[h]oillsig Brian na mbeann
so dh(e)agharsaidh d'iath Eireann.

19 A cCeann Coraidh eacht oile
lá n-aon do Bhrían Boroimhe
an ghéag thoraidh an ghlac ghlan
dár labhair 'sa mhac Murchadh.

20 "A mhic" ar sé "sirim ort
aithnim dhiot a dhreach eadtrocht
a rosg mothaightheach mín mear
*bíth cothaightheach ad chreideamh."

21 "Tabhair do t'aire a ghaoth ghrinn
mar do chaith me ar mí aibhill
díon t'atharrdha mádh áil libh
ar dhaimh natharrdha neimhnidh."

22 "Am gaisgiodhach ionghnaith óg
's as fuairsiom neart a-nallód*

23 "*[I?]onan do ndin an cnoc corr [358]
d'foraire ar ialach eachtrann
náid brúaich na lios na longphort
no an slios cuain no caladhphort."

24 "Ní chuinghinn leaptha luighe

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

seasgaireacht no sadhaile
fa chlár fhuar bhfaobhairthe bhFloinn
aonoidhche [uadh?] ni iarroinn."
25 "Ní choisninn bheith ar bheag sluaigh
nír ghabh sinn ag sín adhfhuair
gur luig gach coigeadh fam chuing
ag sin am óigfhi[o]r m'fhoghluim."
26 "Ceann mo ratha o ráinig me
o fuarus finitt mh'innmhe
teacht ar chóig ttíribh as-teach
do mhinidh mo mhóid mhileadh."
27 Teagasg an airdriogh fhoirbhfe
dá mhac tuigseach téaghairthe
craobhshlat do churaidh na tais
cumhain le saormhac Séamais.
28 D'forfhuighlibh Briain nar bheag rath
nír dhearmuid bhiocont Barrach
bos ghneislím dar ghiall a threabh
ach nár iarr Eirinn d'ionnramh.
29 Tug Daibhí[odh] an seang searcach
seal 'na ógá(i)n oirbheartach
gan mhíniughadh da mhóid mhir
ag sírshiobhol fhóid Eimhir.
30 Mac Eibhilín nar éar sgoil
nir [fh]agu[i]b sé slios diamhuir
abhann na iat[h]mag[h] na eang [359]
gan tadhaill d'iarthar Eireann.
31 Do chuartaidh gach cladh ronna
na tolcha na toranna
na duinnte is díonghloine niamh
cúirte míonmuighe Maicniadh.
32 Nir túrnadh a mhéad meanma
nó gur ghabh gairm tighearna
a coimhfheach[s]ain fai ar gach fonn
do bhi troigeasga[idh] tamall.
33 Do-chuaidh a ttuigsi a ttromdhacht
a maordhacht a modhamhlacht
fisidh amhra is fortail gníom
le rochtain anma airdríogh.
34 Ráinig orbhrúidhe as dleacht dó
sa fonn bláth barraidh mhóra
is iobhbadhan[r] na saoirlios seang
'nur sathadh[r] aoibh(in)nios Eireann.
35 Ráinig iarumh ucht re hucht
bheith 'na bharún 'na bhiocont
o tharla ar bhreith bháirr na sgath
nir chaill bheith 'na Bharrach.
36 Ní hiongnadh da airde céim

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ráinig Daibhi dearc mhaillréig
as fiú a ghníomh somholta sean
comhachta ríogh da roiseadh.
37 Fiú a chiall a chéadfaigh a chruth
fiu a uaisle d'fuil [n]a [m]Barrach
fiú a shárlabhra a sioth gan bhréig
gur dhíol lángharma a leithéid.
38 Fiu a morda[cht?] a mod flat[h]a [360]
dul a neart 'sa *neamhthagha
sduadh ghimhealghlan na cclach ccuir
neimhiongnadh rath da rochtuin.
39 Cian bhus clú da réim roimhe
is da oighribh go hairidhe
riomh uaisleachta a riaghla rígh
guaisbhearta diamhra Daibhi.
40 Cuige is mince a muidh Mumhan
dáil eaguilsi is ealadhan
a bpost comhdhala an ghéag ghlan
séad a cconnmhala a ccosnamh.
41 Ruire siothchánta on sia fearg
triath seasmhach mac mhic Risdird
lámh infheadhma caomhna creach
tigearna maordha maithmheach.
42 Braon dileann ar nach dulta
no tonn rachtmhur robhurta
no tairm átha is uille sruth
no buinne bráth an Barrach.
43 An Barrach mór is mo ag sgol
ceann sídh da sleachtaid Barraidh
ní mairg tír tarla ara smacht
labhra míne agas mearrdhacht.
44 An díol a bhfuair folt na sgath
da chíos chána o chríoch Bharrach
tug 'na chomaoin tost a tonn
[is c]osg foraoin da fearann.
45 Do mhéadaigh sé ar saibhrios beach
a brón d[és?] lacht a luilgheach
[.....] seisi fheachain di
[.....]
46 A n-aonchu diginn da ndíon [361]
a mionn súl as [s]é Daibhí[odh]
as í lámh a luighe mionn
's as fál tuile 'na ttimcioll.
47 Do-bhéara naoimhRi nimhe
do Phól inn a n-impidhe
ge g(h)u bheith fíoch iomdha air
síodh a dhiomdha ní deacair. Deacair...
48 Aigneadh riaghalta rún dil

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

inghean rosgmhall an Róisdig
bos gheiggeal re mbí mo bháidh
ní héidir gan í d'iomrádh.
49 Mór ttarbha don tír a bhfuil
do-ní bainchéile an Bharraidh
ní chlaon si riaghail na racht
ní bhi [a] hiarraidh eir éigceart.
50 Díol a [n-]adhmolta a humhlacht
a foistine a flathamhlacht
a connailbhe a ciall gan cheas
a comhairle fhial oircheas.
51 Roinn don rioghchathair neamhdha
dóigh go ttuillfe ón Tighearna
bean d'ainnribh is uaisle frémh
a hairrgibh uaisle Oilén. Deacair ...

157

Déana cuimhne, a Chaisil Chuirc
[O'Conor Don, 357a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Déna coimhne a Chaisil Chuirc
tú as fiadh do f[h]réimh ríoghLuirc
a treabh ghairthe síodhghlan shen
fár líonmhar m(h)aicne Mhíledh.
2 A Chaisil na mbinneas mbog
tuig a[n] ní ailim orod
sgéla lé bfhúighbhe gach fer
déna cúimhne da ccreidther.
3 Ma tá éindermad ort féin
féch an ttiugfa is tú d'éinmhéin
ré hucht na tolcha a ttáoi-si
do lucht comtha is comháoisi.
4 Féch do chuimhne ré Clíaigh Mháil
's ré Feimhin an chígh chollbháin
's ré Binn Chláire na ccíach nglan
's ré hÁine Chlíach a ccogar.
5 Féch a-rís da aithle sin
ré hEóghanacht chláir Chaisil
fios a n-eóil créd a ccuimhne
'na dheóigh fégh a bfhorfhuighle.
6 D'éis bur ccoimhne an cumhain lat
cred an treimsi a-táoi ar iomlat
idir Gallaibh ghuirt Bhanba
fa chlannuibh uilc allmharrdha.
7 Nó an cuimhnech thú a(r) lennán Luirc
gach fine fuil dot tabhairt
as-tech ód dhíles búdh-dhéin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a treabh na sídhes soilléir.
8 Cía na cédGhuill do tháthaigh
fad ráith ndaingin ndánsgathaig
a ccomhdha do dligheadh duit
ré cinedh Connla as Chormuic.
9 Gregaigh Fhód(h)la an aignidh mhir
leó do cuiredh chlann Éimhir
sreth churadh na ccomhdhál ndían
a hurlár Mumhan Macníadh.
10 Cuirid a-rís fa réim thnúidh
sliocht airmeach Uilliam Congúir
a ndíaigh gabhála [na] nGrég
baránta ós Clíaigh da choimhéd.
11 D'éis Bhurcach nac bfúair énoil [357b]
ré treimsi a-táid Buitléroigh
nár lamh trom cor ina ccenn
fan bfonn do togh an Táilghenn.
12 Ceithre chéd ceitre fichid
(i)s ocht mbliadna dég deighthilt (?)
a-táid na G(h)uill-si ghuirt Bríain
gan tuirrsi uilc um fhinnChlíaigh.
13 Ris an ré-sin druim ar druim
a-táid sliocht Oilioll Óluim
láimh re réir gasroide Gall
ag amhsoine d'féin echtrann.
14 Laimh ré dróibhelaibh daingne
a-táid sáoirsliocht senSáidhbhe
's a mair d'úaislibh fuinn Banbha
ón druing dhúaibhsigh dhanardha.
15 Do bhí a ndán ina dhíaigh sin
go ttiocfadh aimsir éigin
tamhan chumhra ar Chloinn Chárthaigh
do bhuing umhla a hallmurrachaibh.
16 Dó tóigéabhtur Caisil Chuirc
dó *dhingeabaidh gach díoghuilt
do éireoch[th]ar re holc ccáigh
do *reidheochaidh gort Gabhráin.
17 Tusa an tamhan-so a bhas (bag) bog
a mic Donnchaidh Dhúin Árad
a chenn daighréidhe is decra
na glainfréimhe Gáoidhealta.
18 Tú dhaingneóchus Dún Máighe
is Dún síthe senChláire
ga dáoire lúagh a lot Gall
Caoile an Drúagh as Cnoc Grafann
19 Giallfaidh dhuit-si da druim soin
a Dhíarmaid Mháoil Mic Cárthaigh
róighne Gáoidheal guirt na bFionn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag sráoinedh uilc na hÉirionn.
20 Ní bhía sonna ó sin a-mach
d'fuil na nGall-sa guirt Temhrach
lucht athfhoghla ar Chlíaigh na ar Cholt
a ndíaigh th'athorrdha d'furtacht.
21 Suidhfidh gach áon 'na áit féin
d'úaislibh Gáoidhiol ghuirt ríNeill
ar ccor aithne ar fhonn mBanbha
d'aithle na ndrong nDanardha.
22 Suidhfe féin a ccúirt Chaisil
d'éis deghronna an dúthchais-sin
a ttres port bráoininnsi Breagh
's na Gaoidhil-si thort timcheal.
23 Cuirfe an leth-so Mhogha Móir
gan imresuin gan egcóir
gan fhaladh gan fhioch gan fheirg
gan díoth Dhanar gan dibfheirg.
24 Gan lot ríaghla gan rún cen
gan fheill gan éirghe shlighedh
fan n-oirior sídh ngéigmhín glan
a n-éntáoibh[r] do mhín Mumhan.
25 Gan fhúath éinfhir d'ar-oile
gan chogadh gan chorraighe
cuirter libh cách ré chéile
mar sin gan fháth n-aimhréide.
26 Mar so do chuir eacht eile
láoch óg go ccuing cceillighe
do ghlac fhéidhm lé bhfhúair úmhla
seilbh ar [an] úaim atharrdha.
27 Mac A-beius na mbreath ngáoth
óigre an fhuinn dhob é an t-ogláoch
gairm fhíorfhoghla do fhás[s] [358a]
ríoghdhámhna dárbh ainm Iudás.
28 Cathair fhionn Íarusa-léim
seintír shen an óig aigmhéil
fairche rosbhog na cco(i)ll ccuir
le trom do gobhsad Grégaigh.
29 Do cuir síad ó eirr go heirr
an críoch réidh bfothraigh bfairseing
fuithibh féin lé forán slúagh
comhbáidh as a n-éir anbhúain.
30 A ccionn na rée-sin don rígh
Iúdás nar fhulaing fairbrígh
rug cíaidh d'ógbaidh an achaidh
fógraidh glíaidh ar Ghrégachuibh.
31 Fregraid cách a chéile dhí(o)bh
fa túar aithmhéile as eisí(o)dh
neimh a ngraifne ag ciorrbha chorp

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

d’aithle a ndiomda do dhúsocht.

32 Do sráoinedh dhóibh día do bhúa(i)dh
fóirne Grég ’na ndroing dheghshlúa(i)gh
láoich narbh áobhdha a n-ucht cosnaimh
lucht cáomhna na cathrach-soin.

33 Sealbh na cathrach mar do-chlos
(do) bheith ar láimh óigre A-be-us[s]
mar tháirnig leó cor na ccath
ag dol ó ghleó na nGréugach.

34 Iúdas mór rómac an ríogh
mar sin ar fhuacht ’s ar imshníomh
an eng bhreicmhín fa fáon fiodh
do sháor seintír a sinnsior.

35 Na Gregaigh na Goill-si a-bhus
Díarmuid Máol óighre A-be-us[s]
*Caisil Chuirc an cathair-si.

36 Roinn letrom(ach) ar an ttir thoir
ar ttús mur tugsad Gregaigh
tugsad Goill a magh Mumhan
roinn nar an a n-ordughadh.

37 Mar do thogh Día da druim soin
Iúdás d’feithemh an égnaidh
toghtur beithir chláir Criomhthain
a ndáil fheithimh d’Éirionn(a)chaibh.

38 Iarusa-léim na ttreabh tte
mar do fhóir an t-óg eile
mar sin fhóirf(h)es íath Banbha
ó mhóirches fhían n-allmurdha.

39 In gach táobh a ngabhuid(h) Goill
do-dhéna mac mic Domhnaill
fa chlár lí[g]gheal Banba Bregh
díden f[h]ághla na n-oirer.

40 Drud ó íarthar fhóid Mhogha
mithidh do mac Donnchadha
an cathuighe ón Máigh mhir
ré machaire chláir Chaisil.

41 Ré horlár óigfer Mhuighe
’s re Clíaigh mhóir mic Iúguine
ó tá fál da dhénamh dhe
dénadh an cclár dho choimhghe. Déna ...

42 Ar foltaibh do léigion linn
Muire ógh inghen Íathchim
fúair sí d’fhocal a hóigre
nach locadh sí ar síorchoimhghe.

43* Ingen Taidhg gruaidh ghairthe[s]
gnúis nár go neimh ndersgnai[gh]the
sduagh iongnáth gan caomhna ar chrodh
an fhionnbhláth aobhdha iodhan.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

44 Meinn tromdha lé snaidhmthear sídh
géag chnuasuigh d'fíonfhuil áirdrígh
(m)bengán do chinedh Chonnla
leannán fhileadh bfoghlamdha.
45 Ar léirmhes lerg a haighthe
ní bhfuair fear a fíoraithne
ní as béim don bhinnghil mhálla
don fhéil d'inghin Anára.

158

Déanaidh cruas, a chliar chrábhaidh
[RIA 1080 (B\iv\2), 74v]
O hEogusa cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Denaidh cruas a chliar chrabaidh
na smuainidh ní nemhcalma[r]
a dhream as dísle ar domhan
gearr ón ísle ardugha[dh].
2 Na braiter cruas bhar ccredi(o)mh
díongaidh go fóill foighide[in]
feuda Dia rédhugh[adh] *libh
fa mbia dh'elugha[adh] oruibh[r].
3 Denaidh laider don loige
le bárr pene as penaide
ní *ta rochosmuil *libh
an dochar-sin Dhé dhuiligh.

159

Déanaidh cuimhne, a chlanna Cuinn
[TCD 1378 (H.5.6), 197]
Tadhg (mac Dáire) Mac Brúaidedha cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Dénaidh cuímhne a chlanna Cuínn
a mhacraidh go méd bfhuluing
le hiomchar uilc is anshóigh
a ttiomchal phuirt Pharthalóin.
2 Ná cuiredh fráoch bhar bhfeirg(h)e
ná fonn déinmhe díberg(h)e
sibh tar bur gcuímhne a chlann Chuinn
fuighle na n-ám a n-abruim.
3 Ní dhiongna a ndol tar cuímhne [198]
bhar marcshlúagh bur merbuídhne
nó as lúaimneach líon bur ttionóil
a shíol úaibhreach Éiriomhóin.
4 A-taid tinóil throma ar thír
úaibh fá Bhanbha in bruaich tráichtmhín

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a-táid fóibh merdhronga ar muir
’s a ndeghlonga ar chóir ccogaidh.
Gach ní budh dénta dhoibh sin
’s gach ní budh dúal do dhéinimh
bíodh ’nar ccuimhne (ar) muin ar muin
a shíol ar cCúinn-[n]e ó Chrúachain.
Cuímhnighidh mar gach cuímhne
cía an crodh dán coir comuirce
nó an tír bhiodhbadh ’na mbía soin
nó cía nach iongnadh d’argoin.
Cía an treabh nach oircheas d’adhnadh
nach ttuillionn bur ttrómadhbhar
cía hécht budh buan cclú ré a chur
gá crú nach dúal do dhórtadh.
Echt mná fhilidh nó áos gráidh [199]
ná dénaidh díadha an eadráin
drong shaor gan fhreasabhra ribh
do thaobh easúmhla ínntibh.
Creach eagailsi ná ollaimh
d’fhior foghla nó d’easorraidh
dá nglúais fóibh ar fhódmhuigh Breagh
fograidh dhóibh gan a dhéineamh.
Choidhche ná coiglidh meisi
ná mh’ionnamhail eilei-si
’na ghníomh innmháoidhimh ní fhuil
do shíol fhínnGháoidhil mh’arghuin.
Fograidh narub a bfholach
dá bhar n-áos báoth bhorrfadach
fosgadh ’ghár bferg-ne ní fhuil
gan mosgladh mh’fheirge oruibh.
Dá mbendáois díom díoghluimh cruidh
do bheanfoinn díobh ’na dheaghaidh
a-tú a n-oirdhearcas anma
oirbhertas a n-athardha.
[Ma?] loisgid loisgfidh misi [200]
na grúaidhe na gnúisi-si
caimhdherga & táille ar ttreabh
doinnlearga áille ar n-aight[h]ead[h].
Mar dhubhaid d’éis a n-ádhnaidh
gach a mair dár mórchrannghail
gach grúaidh dá n-ádhnonn óm fheirg
amhdhonn ar n-úair óm fh[o?]icheird.
Lé a n-oighreadhaibh dá n-aithle
benfa luisne ar lasraich-ne
beanfa dé smúail an te thicc
lé grúaidh an té nach ttainig.
Tuigther go ttiocfa misi
ó ádhnadh na húairi-si

Roinn na Círiúlóide, Col. na Tríonóide, TCD

teacht ór n-adh[n]ui[dh]-ne ní fhuil
bert as amhdhaingne mh'fhoghuil.

17 Ní glic nach gabhann rabhadh
coir dhóibh gan ar ndóthugadh
ó tá ar chor chaomhmhaicne Chuinn
cur gach sáoraicme seachuinn.

18 O do labhras ar chloinn Chuinn [201]
inneosad d'eagla in mherbhuill
fir dhercmhálla ag drud ré ténn
a ndeaghchlanna ar fhud Éirionn.

19 Síol Eóghain aicme Chonaill
an dá órchnáoi a n-énchrobhaing
croinn dhíona cháoimhghécc ó cCóinn
gan áoinghécc díogha acht díoghluim.

20 Don freimh chédna sin chantair
síol cCatháin crú Dochartaigh
Í Ghairmleadhaigh éng a n-éing
is Í bháirrleabhuir Bháoidhill.

21 D'aicme an Chuínn-sin le cur nglíadh
Manchaigh is ógbhaidh Oirghíall
clann tShuibhne daghchlann Domhnuill
buídhne d'altrum an fhorluinn.

22 An dá Breifne ar nach búan smacht
is trí Ó Conchabhuir Connacht
Fíachrach Múaighe is Áighne ar-áon
gá cúaine as dáingne deghgháol.

23 Í Mháille as dána a ndeacraibh [202]
Í lannchorcra Fhlaithbheartaigh
fir do ghlainfhréimh chnesghlain Choínn
daighmhéin na bfhear-soin fionnuim

24 Í Mhaoileachluinn Í Mhaoil Múaidh
's Méig Eochagáin fhéil armrúaidh
d'fhuil an ríogh échtghaircc armghlain
síol chrécht Taidhg Í Chatharnaigh.

25 Í Mhadagáin Í Mhaine
gan locadh láoi iorghaile
's clann dheghMháoil rathmhair Rúanaidh
neamhdháoir ndathghlain ndeghshlúagaigh.

26 Í Bhriúin tSheóla & tShionna
slóigh eachtach ó nOilealla
dróng gháolmhar na ngníomh bfhosaidh
is síol sáorghlan Seachnasaigh.

27 A ffágbhuim don druing ndercghlais
ní ní (eile) acht d'eagla in éimhealtu[i]s
feadh ar sáighnis ré síol cCoínn
ní do bhríogh áighnis fhágbhoim.

28 Gion go n-iarrtha acht é d'foc[hain?] [203]
[do?]m dhíon d'fhuil Chuínn Chedchathaigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

[i]s fiú bun na gcraobh ad-clos
mo dhul sáor ar a seanchos.
29 Nár thuilliod féin ar bhfeirg-ne
náid goirtbhriatra ar nGáoidheilge
níor thuíll Cónn don ghablán gáoil
comrádh budh tróm do thatháoir.
30 Ní ar chreachadh fhiledh fúair Cónn
nert a fhoghla ar íath n-eachtronn
nó an smacht do fhúaigh fá fhiadh mBreagh
ná fúair Níall nó Art Áoinfhear.
31 Creach fhilidh mar íarradh neirt
do Chormac mhac Airt Áoinfhir
an ghécc bhúadha as bun don fréimh
ní chúala a chur 'na chaithréim.
32 Mar an gcédna nár chluinear
an eachtra an úair féchfaigher
maicne Chormuic agus Chuínn
'na maicne tromloit termuinn.
33 [...ir?] [f...aib?] foid Loga [204]
[inneall?] uilc no urbhodha
ní sheolfa an clann-sa chen[a]
dhamh-sa as eolcha a n-airrghena.

160

Déanam oirchill ar an éag
[Rawlinson B 475, 108]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Deunum oirchill ar an écc
maith do chaithfinn mo choimhed
gach ré la romhum is rium
a-ta orum ag i(o)nnioll.
2 Dol uadho ní fhedfoidh me
ma thairgim teichedh roimhe
biaidh sé don taobh dha tteichim
saobh is gan é d'oireichill.
3 Saoghal dha fhaide ní fhuil
gan bás do bheith 'na deghoidh
ag eacc ó nach fhanonn sinn
cred 'sa(r) n-anom gan oirchill.
4 D'oibrighthibh uaisle eile
d'fhaoisidin is d'aithrighe
muna raibh mé ag oirchill air
*biodh toirrchim é dom anmuin.
5 Is é iomthus an ecco
neach dhinne ni dherméda
mar nach dermodonn se sinn
na dermodum é d'oirchill.

Royal Irish Academy · na Tríonóide, TCD

6 An ccualoidh sibh sen na ócc
acht madh Elí & Eunocc
nach bfuair nó nach bfoighe bás
gach duine uaidh fa enchas.

7 Bás an mheid fa duine de
fuair mac Dé mur na daoine
in toirrchim o nac tterno
a oirchill (do) badh indenma.

8 Go ndeachoidh Criosd dar ccobhair
san ccroich mur do-chualabhair
ní thanoicc duine dhar dhealbh
nach ranoicc uile ifern.

9 Siol Adhoimh an uair do thuit
a n-ioc an ubhoill (or) orduirc
fiú an an(c)shocair do fhuloincc
d'anshochar an aonubhoill.

10 Dealg do bhualadh 'na bhonnaibh
is da dhealg 'na d[h]ernonnaibh
sadhadh in croinn 'na c[h]roidhe
gábhadh dha cloinn choillidhe.

11 Scciursad do sgoltadh a chnis [109]
cloídhe do chur 'na bhaithis
iota mur do fher a fhuil
gan fear a ioca agaiph.

12 Ol dighe don domb[l]as aoi
le Dia atho[i]r ni ioc[th]áoi
a bheith tri trátho i ttalomh
Rí in bratho do brethnughadh.

13 Dol i n-i(o)frionn da eis soin
ar bur ccenn a chlann Adoimh
tiocfa sa mbrath a dith daoiph
nach bfrith ó chách a comaoin.

14 Bar bpeacadh agos páis Dé
is deimhin líom lá an fhinne
nach ragho i tteach nimhe a-nonn
neach don fhine nach ioconn.

15 Gen go n-iocadh duine dibh
go n-iocthor risin Airdrigh
mac Dé do cesadh dom chionn
achd nac cesar é i n-ifrionn.

16 Ní dhlighim gan mo dhoigh as
tar gach doibhes dha ndernas
um chridhe go ttí taithleach
Rí nimhe ní nemhmaithmeac[h].

17 Saoilim go slaineocha(idh) mé
Slanaightheoir na sé líne
mo chionta ge madh cás damh
bás ionnta muna bfaghar.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

18 Iarroim ar Athoir na ngras
dom dhiden ar in drochbhas
mo chios-sa go tti dha thoigh
Iossa an Rí ós na rioghoibh.
19 Cía an Rí bías & do bhí
’s a-ta ann achd an t-éinRí
as é as rí don uile fher
go ttí an duine fa dheiredh.
20 A-ta [a]-bhus mur a-ta thall
’na tigherna thri n-anmonn
an trionoid gan esbhuidh air
’na phersain fhioroig aosmhair.
21 Tri personna puirt nimhe
i n-aoinphersoin d’airidhe
Rí nimhe ’na trí trenoibh
go ttí im chridhe a chreidemhoin.
22 Creidim bas do bheith im chionn
creidim (bás) nemh ann is ifrionn
is é in trath nona a-niogh
cora do chach a chreidiodh.
23 Iomdha compan is caro
gos a-niogh a-nallona
do-chuaidh cred ara bfeichim
uaim gan an t-eg d’oireichill.
24 A n-oirichill an ega [110]
ma tú ar tí mo choimheda
do chaithfinn guidhe ger glan
is tuile der do denamh.
25 An bás do beith ar mo d[hru]im
ge tá ’na imshniomh oruinn
da mber do thred do thoighe
mo-chen eug a Oghruire.
26 An toirrches tanoig id bhroinn
do nimh d’foirithin oruinn
mairg doibh nach beir a buidhe
gur fhoir sein na sochuidhe.
27 A croch Dhé nár derno me
an da cheird do clecht misi
mian an chuirp cian ó chreidimh
’s gan mian a uilc d’faoisidin. Denum ...

161

Deise chatha chinn Ghaoidheal
[Franciscan Library A25, 139]
Muiris Og Mac in Baird
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Deisi chatha chinn Ghaoidhiol

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

cuid dar cceird-ne a craobscáoileadh
ler thuill righLeth Cuinn a ccath
firbheach o cCuinn da cnuasach.

2 Gabha[i]s caithfhéinnidh chlair Bhregh
d'fagháil cheannois choig ccóigead[h]
le cáoin moirfhéinnidh Mhacha
tshróillléinidh ccaoin ccomdhatha.

3 Dúnois réla [fh]reimhe Cuinn
a ttús láoi do chur chomhloind
'mun ccneas ccaoin fhóirfeas Eirinn
óirchrios an taoibh thaisshéimhinn.

4 Teagar chuige ar (ar) chionn tachair
beirt chos I Chuinn Chédchathaigh
go n-uaim ndealbhdha ghrésoigh ghlain
Sésoir Eamhna dho órduigh.

5 Iaghois 's ni huair da dhearadh
'mun ttroigtheac[h] mín meirleabhar
úa réidhChuinn go móid morrdha
da bhroig bhélchruinn breacorrdha.

6 Da sbor aithleadha d'ór dhearg
nar snoidhead[h] ach le saoircheard
le giall troighig[h] [i?] Thuathail
moighidh síar go seanChruachoin.

7 Seaca in laoich lingeas bochna
go n-úaim ngrésoigh ngriobhórtha
níor chum lamh iongnadh budh fhearr
ar sál na a bhfhionnmagh Eirionn.

8 Grés go n-órchiomhsuibh bfáinnidh
ndluith ghorimrighin gealmháillig[h]
d'ó Mhuireadhaig[h] na ngníomh nglan
díon ar bhuilleadhoibh biodhbhadh.

9 Órsgabal dlúthghorm daithgheal
Danoir an uair ionnsoighther
brat gualand i Chuinn a ccath
le buing bhuabhall budh baoghlach.

10 Land bhuadha go mbriocht neimhe
cruaidh [..... ridhe]
ag máor chomha chlair na bhFhionn
dom dhoig da ng[oba? .....].

11 Ruc ar mionn sgíamhghlan sgine
sgoithtsed thíre tairrngeire
bean dala cloidhimh i Chuinn
roinimh ágha ara hurloinn.

12 Gabhuis feilm na bhfhleasc n-órrdha
do dhol soir [.....]
rí an tsloidh le ttigtheir a ttroid
go leitribh óir is argoid.

13 Trúaill a ghlac seingmhérach saor [140]

Royal Irish Acad. & Trin. Col. na Tríonóide, TCD

foráois ealtan as órchraobh
cuiris lamhoinn ttais ttreabhraidh
fan mbais n-álainn n-ildhealbhaig[h].

14 Tig ’na dhail le dioghrois ghníomh
éigin d’eachaibh [an] airdriogh
sduaigh bheandchorr shuaimneach sheolta
uaibhreach ceanntrom chineólta.

15 Do bhreith chluiche ar *chlár Midhe
sleadh chródhonn chaor tteinntidhi
ar mhaillbhertoibh chaich a ccath
a laimh tairrngeartoigh Theamhrach.

16 Gluaistear leis a ttos tionoil
guaissheabhac fhuinn Eireamhoin
d’fogra Dhanar tar sál soir
dá scaradh re clar cCobhtaigh.

17 Mairg dhan biodhba(idh) a mbeirn chatha
caithmhílidh chlair fhionnMacha
ag téghadh Theamhra na bhFionn
do redhamh ealbha Éirionn.

18 Mairg milidh is ni [mairg?] scol
mairg tsluadh mairg mbuidhen mbiodhbadh
do-chí a ccaithbhearna o Cobhthaig
ri as aithreamhla d’Eoghanchaibh.

19 O Néill an fear luaightear linn
mithidh dhó drud le hEirinn
sí mur cheidfhear da chárthuin
na leig(h)eadh í d’allmharchoibh.

162

Deoraidh sonna sliocht Chathaoir
[TCD 1411 (H.6.7), 506 (2nd copy)]
Maoilín Óg Mac Bruaideadha cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Deóraidh sonna sliocht Chathaoir
lucht na síodhbhrog sochlachaoin
fóir liag na leómha[i]n cheannsa
deóraidh iad san oirear-sa.

2 Deoraidh son[n]a an chaor churadh
fá shíol cCais chláir fhionnMhúmhan
fá mbiodh tnúith bailbhinnsi Breadh
na Laighnigh-si ó mhúr Maisdean.

3 Aithne dhamh go ttárla ar ttús
sliocht Cathaoir cuid dá n-iomthús
fóir deaghfhear gan díoth tuirsi
críoch Laighean fán laochraidh-si.

4 Ar tteacht don tromhdáimh-si a-nall
roighne laoch chríche Cualann

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fonn snasbhog ór dheacra dul
do ghabhsad r(i)ompa rugadh.
Mar sin dáibh ag díol a bhfonn
go ttáinigh laochradh Lochlonn
loingeas greadh slaitleabha(i)r seang
tar lear d'aith[t]reabhadh Éireann.
Críoch an imirce ón tír *shoir
do gabh drong díobh a nUltaibh
is drong eile a n-uaithnibh Cliach
fán ndoire shuaithnigh sheinliath.
Do líonsad uaithne an fhóid ghil
clann Ghormáin iad an uair-sin
ógbhaidh Chearma ag soighidh siar
dealbha is do ghroidhibh Gailian.
As an ttír-sin le cloinn Chais
teagaid so ar seachna a ndúthchais
críoch ó mBóirche is ó mBuíghe
ní fríth coibhche a ccosmhuile.
Do thoghsad ar tteacht a-nall
uí Bhreacáin fraochdha an fearann
fonn dorcha is deighshéan 'na dhiaig
fá ceinél bhfromhtha bhfinnBhriain.
A-tá an dream-so is bithbheó bladh
le ré cheithre chéad bliaghan
ag riar dámh ag tógbháil truagh
ós an cclár bhfódbhán bhfionnfhuar.
Ní chuala ón ló sin a-lé
clann Ghormáin na ngreadh síthe
gan ursa theann deighfhir díobh
dream lér dheiligh gach doighníom.
Mairidh deigfher díop (?) a-niogh
'gár fágbhadh fonn a s[h]innsear
longport congmhála cliar ndoirbh
fán bhfial gormanda ghreadhshoir[bh].
Fear nách téid troig lé fánaidh [507]
ceannuighe an fhoinn Bhreacánaigh
oighre Mhaoil armghloin Eachluinn
ó Charmoin chaoil chaisealchuirr.
Fear nách iomdha a aithghin d'fior
an síol tTáil-si léar tréigeadh
fonn síodhfhoirfe sean saingeal
fear síodhaighthe saobhchaing(h)ean.
Domhnall an deighfhear grádha
fear fraochdha feadh teagmhála
ag sin fear caomhna a chinidh
fear as aobhdha a n-óiltigh(th)ibh.
Fear ['g]a bhfuil ceannas chloinn Táil
is dúil oinig fhear Gabhrán

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fear nár chuir comhardha ar chradh
’sá bfuil solabhra seanchadh.
17 Fear is ionnamhail d’athaoil
chuirfeas mé go mórChathaoir
iongnadh a mhéad do mheabhair
tré fhíoghradh ghéag geinealaigh.
18 Dómhnall fírbheach na bhfer ghráidh
mac Maoileachluinn meic Gormáin
mheic Maoil Eachluinn daithghil duibh
chaithmhig shaoir neamhchruinn náirigh.
19 Meic Duinn meic Maoil mhaith Eachluinn
meic* Co(i)n Eabha an earraghthroim
ceann sleachta Dhiarmada is Duinn
ealta is grianbhoga gormfhuinn.
20 Dob é ceap na bhfear bhfearrdha
Cú Eabha an airm loinneardha
fód seangshlat is ceann[r] críoch[s]
meic Seághain[r] deaghmhac Dáibhíodh.
21 Meic Con Eabha an earraigh throim
meic Co(i)n Mheadha meic Dómhnaill
meic Conchubhair seagh gach slóigh
fear go ttromchulaidh ttionóil.
22 Meic Co(i)n Mheadha meic Murchaidh
meic Eithigheirn fhionnthulchaigh
meic Sgannláin an chómhrádh chaoimh
meic Gormáin agnár ionntaoibh.
23 Meic Muircheartaig meic Donnchaidh
meic Aodha an chuilg chómharthaidh
meic Treasa(ch) meic Duachdhuibh duinn
mar luathChoin chleasa Cu(a)lann.
24 Meic Gosáin nár chongaibh cradh
meic Dúnagáin duinn Almhan
meic Gormáin ór chin(n) an chlann
fir do chreit Collbhán Cualann.
25 Meic Eachach dárab sliocht so
meic Caibhdean meic Maoil Úmha
meic Suibhne na sleagh mbarr ghlan[a]
f(h)ear glan[r] suirghe na seangbhan.
26 Meic Dómhnaill chaoimhmac Cormaic [508]
mac Diarmada duasoirdheirc
mac Eochaidh Ghuinigh greadhnaigh
an mhuirir dá mhínleanmhuin.
27 Eochaidh Guineach um ghníomh ga
mac Aongusa meic Earca
mac Bracháin bhuadhaig meic Féig
do ba lánoirdheirc[r] laoichmhéid.
28 Meic Dáire barraigh bláith bhinn
mac Cathaoir mhóir meic Feidhlim

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

iul glan a-támaoid do thriall
triúr do ráinig(h) magh Mhaicniadh.
29 Ríoghra Laighean na learg mbreac
Cathaoir mór dob é a n-aoincheap
fear ngruadh ngil is nglac ttana
uaidh do chin(n) mac Muirchadha.
30 Géag shaor ór síoladh Branaigh
’s na laoich tromdha Thuathailigh
’s Uí Fháilge na bhfonn ttoraidh
fonn fá daingne ar Dhanaraibh.
31 Do chloinn Chathaoir nár char luach
Ó Fearghuil fla[i]th na bhforttuath
dursan claondáil Gall ’na ngar
Í Fhaoláin is clann Cholgan.
32 Uí Dhíomasaidh is Uí Dhuinn
uaidh is Uí Bairce an bhogfhuinn
ór chin(n) an chlann-sin Ghormáin
fir nár thaibhsigh tromchongháir.
33 Fillfe[idh] mé ní meanma shlím
ar Chathaoir fionnmac Fheidhlim
mac do Chormac gealta gaoth
ealta ndonnbhrat fá deaghlaoch.
34 Meic Nia Chorb is í Chon Chorb
leanfa[idh] mé suas an seanlorg
mac Conchubhair bhúidh boggluair
confadhaig n-úir *n-abhrashuaidh
35 Meic Finn deaghmhac Rosa Ruaidh
meic Feargusa fairrge fleadhfhuair
meic Nuadha Neacht seaghdha sean
meic Séadna do chleacht cóigeadh.
36 Meic Luídheach laoichfhinn laoch Náis
meic Breasail Bhric go mbiothghnáis
meic Fiacha foibhric gaoith grinn
meic [an] laoich oirdheirc Oilill.
37 Meic Fearadhaig nár bhris bóid
meic Nuadha Fhinn mac Allóid
meic Airt náir mac Modha Airt
*cáin chláir Logha ’na laochchairt.
38 Meic Criomhthain chosgraig gan cheilg
meic Fearadhaig Fhinn airmdheirg
eochair ghéib(l)inn Teamhra an triú[i]r
meic Fei(dh)lim fherrda Fhoirtriú[i]n.
39 Feidhlim Foirtriuin go bhfoghuil [509]
mac Feargusa foirteamhuil
meic Breasail chaomhbrais churadh
fá mac Aonguis ollamhu(i)n.
40 Meic Oilioll bhracháin shaoir sheing
meic Labhr[aidh] Loinnsigh luaidheim

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Oilioll Áine a athair sin
do chuir[r] báire ar Bhreaghaibh.[s]
41 Meic Laoghaire Luirc fá mac
d'Iúghoine Mhór na míonghlac
meic Eochaidh bhuadhaig bhladhmhóir
gan uamhan re n-ollamhnaibh.
42 A-nois buailid fá chloinn cCuinn
clann Ghormáin is clann Tuairim
ag Iúghoine is ceann dá ccraoibh
gearr go crúsnoidhe[r] a ccómhghaoil.
43 Don tsíol cCuinn chéadna is congaibh
is sliocht Dái Thí tréanbh[l]ádhaigh
sliocht na cColla is clann[a] Néill
dronga nár chrannda caithréim.
44 Don tsíol cCuinn-si clann nDálaigh
fine Ruairc is Raghallaidh
gabhla fulaing ó bhfuil frais
go rinn[r] umhal[r] is Iorrais.
45 Don tsíol cCuinn-si is cómhghaol dáibh
ríoghra Mídhe clann Cholmáin
is sliocht Aodha saoir Sláine
dá chraoibh ghaoldha ghlanáille.
46 Don tsíol cCuinn-si nár chlaon smacht
síol cConchubhair cláir Connacht
luath choinnmhe Chruachan Meadhbha
fóirne u[a]llcha innfheadhma.
47 Ar shliocht Ughaine is iul glan
a-tá an rí(gh) is ríoghroidh Alban
brath a-nonn uaim-si *orthadh
drong as uaisle d'Albanchaibh.
48 Ar áirimh mé Mórdha a ndáil
's na fir chródha clann Ghormáin
dream do threibh na saorbhrogh séimh
dá threibh a haonbhun iad-séin.
49 Ughaine mac Eachaigh áird
meic Duach laghdhraigh luinn lonnghairg
meic Fiacha tolgraigh nár shlím
do ordaigh f[h]iacha ar Éirinn.
50 Meic Muireadhaig bholgraigh bhuain
meic Síomóin bhric fear feadhmchruaidh
meic Aodháin ghlais fá glas snuadh
bras gach aondáil 'gá iomluadh.
51 Meic Nuadhad Finn fáil fearrdha
meic Giallchad guirt goirmTheamhra
mar doineanna do dháil maoin
meic Oilealla áin fholtchaoin.
52 Meic Síorna meic Déin meic Maoin [510]
meic Roitheachta áird fholtchaoin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

meic Aonguis ollmhuchaidh mhir
gan clódh bfocal re bhfillidh. (?)
53 Meic Fiachaidh labhrainne ón loch
meic Smiorghuill meic Seanbhoth[s]
meic Tighearmhais do thuill toirm
le loing imealghlais aghghairbh.
54 Meic Follaigh meic Eithrial óig
meic Irial fáidh go bhfialmhóid
níor ghné dearóil gleic na bhfer
meic Éireamhóin meic Míleadh.
55 C(h)úig glúine is tríocha túillmheach
ó Eireamhón fhionnbhruí[gh]neach
dul tar gábhadh is gearr uaim
go hÁdhamh ceann na ccaomhshluadh.
56 Mar sin téid meic Maoil Eachloinn
go ceap cháich cuaird neamhmhearbhthuill
Adhamh aosda an chuain chlannaigh
uaigh as taosdha thángamuir.
57 Fillfead don dul-so ar Dhómhnall
gnúis chaoin aghaidh abhra[dh]mhall
troig chobhsaidh go ccladh bhfeadhma
lámh chosnaimh na caithbheárna.
58 Mac Maoil Eachluinn an airm naoi
taobh solus ón sia neamhghnaoi
rosg sochair glan mur ghoirmshreibh
*dóchus cár re *caomhordaib.
59 Déad rionnghlan mur fhrais neamhonn
gruadh sholusda shaoirghnédho[nn]
nár chréachtnuigh *ainmhí ná aoir
ós realtuin d'aighidh fhochaoil.
60 Tárla iosdag caolshlat ccorr
sa[n] bhfonn dúthchais ag Dómhnall
ó nách fillte ar dámh doiligh
finntreabh go bhfá(i)l bhf[í]oroinigh.
61 Brogh mar bhruíghin Dá Choga
ag ua Dhuinn is Dhiarmoda
le haghaidh aoidheadh do riar
saoirfher do ghabháil Gailian.
62 Brugh mur bhruíghin Mac Dá Reo
a ccrích Laighean na laoimcheó
an ccéin rug ar athghnaoi sin
ní lámhthaoi dru(i)d dá dhóirsibh.
63 Brogh so mur bhruíghin Dá *Bhreagh
'nár thuit gá doilge díbhfearg
fághlach re foraire sgeoil
Conaire d'armaibh aincheoil.
64 Brugh so a ccendchar cheárd na suadh
brugh lán dá lingid marcshluagh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

greadha srianbhoga crua(dh) ccorr
um ua Dhiarmoda uim Dhómhnoll.
65 Do-gheabhtha sa ghlanbhrog fhionn [511]
bró churadh ós cionn fithchioll
’s bró mhallbhan ag cur chorthar
brog léar snadhmadh sobharthan.
66 Tig ’na cceann ar cionn oidhche
lucht cúmtha sgéal sgiamhfhoirfe
don treibh thaobháird nách treabh shlím
fer do gach aonáird d’Éirinn.
67 Tig an fhla[i]th ’s an fear fághla
don tigh-si is tigh ríoghdhámhna
tig an file ’sa[n] fear grá[i]dh
san *tig oirdheirc[ra] re tromdháimh.
68 Port oinig iarthar ó tTáil
iosdadh chaithmheach an chlocháin
port na n-ógbhan ’s na n-eachlach
ródbhrog bocht is baintreabhach.
69 Mac Mheic Gormáin glac bháirrgheal
ar ndias abaigh ionfháidheadh
ar cceann síodha ar ngealladh gar
earradh díola gach deoradh. Deora[idh] ...

163

Dia bheatha ar ar los a leinbh
[NLS Adv 72/1/48, 9v]
Niall Mac Muiric[h] cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Dia bheatha ar ar los a leinbh
Dia leat is rath od rifhreim[r]
a gh[e]in chruasghloin don Chollfhuil
don treibh dhuasmhuir Domhnalluigh.
2 Failte ro(mha)d [a] ua(th) na nEon
Eo[i]n Mac Leóid Eoin ar n-airseoir
da chuaille ag connbhail(l) a gcla(i)nn
da uainne fhonnbhain fionnGhall.
3 Do thecht chuguinn don chur-sa
adhbur muirne is macnusa
a leinbh go neamharsuigh núagh
deaghcosmhuil[r] deilbh do deargghruadh.
4 Bheth ar h’athair mur oighre
risan Trionóid taoba[i]m-ne
a leinbh a crobhuing chraoi Chuinn
go mbaoi fa urruim eadruinn.
5 Le hua(th) & le mac Moire
guidhim Dia na deaghghloire
um neart is mo no minbhe

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

go techt dó go deighinbhe.
6 Ionua(th) [A?]onguis fuinn rigˢ [10r]
iarmo Ruaghri rir rimhigh (?)
da gcuain-sin an tíʳ tim-si
ni da n-uaislibh airbhim-si.
7 Minic leo a n-ám(h) óla
cosnamh chadhuis Onóra
is diol roghaoisi na rann
ag diol foraoisi fionnGhall.
8 A thecht oruinn don fhuil riogh
ar n-ua(th) Eoin dia da (g) deighdhion
fa[th] dar meanma 's dar mheaghair
a trath feadhma ar féinnedhuibh.
9 Go rabh Athair na n-uile
gac aonuair da ionghuire
nac diosg a n-ám na hairce
bann ar Chriosd fa com(h)airce.
10 Guidhim saogal is slainte
'gar leanbh sochraidh sophairte
[...]gim gan [c?]laoi [c?...] e [10v]
[go?] mbáoi saidhbhir seanfoirbhe.
11 [...]o re go rabha socair
gan orchra gan anshocair
a leinbh ríogh le mbía breatha
Dia dod *dhian a ndheighbeatha. Dia ...

164

Dia do bheatha, a abhlann án

[RIA 20 (23/M/25-34), 454]

Fáilte Chuirp an Tigherna Domhnach Cásga. Ón bhfer ccédna.

[Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith cecinit (446)]

[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Día do bheatha a abhluinn á(i)n
as tú beatha ár n-anma a úa(i)n
dia do bheatha a Rí(gh) na ríogh
fá dhíon mo chlí a bheatha bhua(i)n.
2 Tú an bheatha naoidhe nách nua(dh)
tú beatha ár ndaoine 's ár nDia
dia do bheatha a bheatha bheó
beatha gan cheó an bheatha a mbia.
3 A mhic Muire gedh mac mná
dá mbeith gan luíghe fán lia
ní fiú an uile bhúr n-eacht r(i)ú
tú ag teacht ad dhuine 's ad Dhia.

165

Dia do bheatha, a bharr Cuircneach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

[RIA 744 (A/v/2), ‘Dillon Duanaire’, 25a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Dia do bheatha a bharr Cuircneach
a ghriobh fhearrdha fhoghuintioch
do lúach cabhra chriche Cuinn
frithe nach ttarla a tuaruim.
2 Día do bheatha ar bhreith búaidhe
d’imdhídean ar n-anbhuaine
a chroinn eatha as sía sochair
día do bheatha o Breat(h)nachaibh.
3 Failte dhuit a dhreach shochraidh
a chodhnaigh a chobharthaidh
as imdhídean dar dtríal tinn
a n-íagh fhinnli[g]gheal Fheidhlim.
4 Ro-d fia beannachtuinn na mbocht
ro-d fía fáilte na neammbocht
ró-d fía búaidh tsáoghlach tshocra
a chruaidh fhaobhrach inmholta.
5 Meinic fuairsiod fir nár thuill
failte ré hathaidh aguinn
o lucht dailte a chuid chridhe
failte dhuid do dlighfidhe.
6 Má dhligheann neach ní da ni
ni dhlighi(se) dul ar neimh(sh)ni
a liaigh cabhra chneadh nduilidh
fer h’anma dob ionchuirigh.
7 Tú as eusgaidh d’anacul olc [25b]
tu as lugha grain le guasacht
tu as u(a)llmha a ngniom dar ngríobhaibh
a ghríobh chunnla ar ccoimhlionuid[h].
8 T’onóir ó áirdrígh [...] an
sodh chumhdaigh da ccomarson
gér d[u?]al anáir orrtha soin
ré ngabhail tolcha Tuathail.
9 A ccosnamh ré crúas ngoile
dá lámhtá a fhlaith Breaghmhuighe
do chleacht tusa d’fhoirneart áigh
nár usa ó oirbeart anair.
10 A-táid ag togra linne
do mhuin annsa is inntinne
dúile is dáoine a dáilte so
um fháilte náoidhe a-nosa.
11 A-táid fós do mhuin meanma
cealla is énlaith *eathearrdha
ag fíadhoghadh dár bflaith-ne
is cialfhoghar ciúnaithbhe.
12 Tairthe feadh fochain tulach

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

maighre inbhi[o]r n-íartharach
maidne reóidh reanna nimhe
cealla eóil na haimsire.

13 Dlighid ar son a sochair
filidh iomchuir andochu[i]r
dá madh ní do chniocht (a neal) Chnódhbha
a mbí ar iocht a n-ealadhna.

14 Téda meannchrot millsi a ngoth
briathra feallsamh fúaim lasrach
fada ó a ngoimh bróin do bhunadh
's gach oigh oil dá fhíadhoghadh.

15 Tar a bfúair 's a bfuighe soin
anom láoich Leasa Conghail
neamh dá *thoil go ndamhair dhi
amhail ró-d char a(n) C[h]oim(h)dhe. Dia ...

166

Dia do bheatha, a Rí an Domhnaigh
[RIA 242 (24/B/26), 11]
Duain na Seachtmhuine
[Mixture, Ógláchas]

1 Dia do bhetha a Rí(gh) an Dómhnaigh
ós tú chabhras le daoinaibh
gaibh sinn tar chend ar bpeaca
dár mbreith go flathus Íosa.

2 A Rí(gh) an Domhnaigh t'éan (?) ar th'ucht
ós tú thomhus mur bhunstuic dom fein
a Rí(gh) an lae a-niu 'sa[n] lae a-né(igh)
's a Ri(gh) na blíaghuna go léir.

3 A Rí(gh) an Luain a chara an chroidhe
is ar h'airi-se bhím-se a Dhé
an t-ám fá mbed-sa go cruaig
freagair uair m'annguir mé.

4 A Rí(gh) na Máirte déan mar súd
faoi óm dháil-se na bí go fúar
bí faram ar uair an bháis
freagair mé annsa chás is crúaigh.

5 A Rí(gh) na Cédaoineach go fíor
ós tú m'aonRí(gh) & íad súd
a gceanaibh a ndeárrna-sa d'olc
gaibh an t-anam om chorp chúghad.

6 A Rí(gh) an Déardaoin dom dhíon
ós tú mo chnú dhiogruis riamh
bí faram air uair an bháis
géarr an tamal uaim go triall.

7 A Ri(gh) na hÁoine fuair an pháis
do dhoirt t'fuil dár ngradh san ccrann

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ní dlighti dhuit ar léigion uait
’s gur tú fúair dúadh tar ar ccend.
Ní bhiodh an Sathran gan Rígh
ar a mbím dom athchairt do ghnáith
leam thengain béad dá ghuídhe
mo chroídhe gan mh’anuir a-ta fóirchend.

167

Dia do bheatha, a Thaidhg mhic Thaidhg
[RIA 5 (23/D/4), 162]
Domnall mac Tadg I Dhálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

Dia do bheatha a Thaidg mhic Taidg
báigh leam-sa a réig gan rúnmhairg
tú a tsíonoighre ag tocht don tigh
port sírsheilbhe bhúr sinnsir.
Go maire tú a-nois go nua
go maire h’ua agus t’iarmhua
t’fhód seilbhe a chara ro-m chleacht
gur mhaire h’oighre an oighreacht.
Dia dod choimdhe a óig úrthais
ad fhlaith nach lorg andúchais
brug meanmnach bhús mhúr sgoile
go Dún meaghrach Maonmhóidhe.
Gur mheala tú isna tíribh
rodhóigh gach aoinfhir asaibh
a bhos teann nathardha nár
ceann bur n-athardha at t’úrláimh.
Fada a-tám le teas toile
dod chruth mallghlan maoruidhe
ar tí a dáilte a dhiligh ghloin
fáilte dá-ríribh romhoibh.
Na raibhe Dia diomdhach dhíot
náid daoine a chíabh na ccaimdhig(h)
a chosnamh cléire a cheann sgol
is réighe ’s as fearr focal.
Go mudh buigheach Día is daoine [163]
díot a dhearcmhall dreachnaoidhe
a choillbhile ós choill do shín
na tuill oirbhre ót airdRígh.
AirdRí(gh) neartmur naomh nimhe
úan Dé is fearr fa impighe
an lá bhus cás duit is damh
ar sdaid ’na ngrás dar ngnáthchur.
A-tá m’fáilte ní leasg leam
banua an chomthoig dar chreidseam
ar cceann báidh[i]-ne ar mbradha

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a n-áirithe ag Ónóra.
10 Leanbh Muire a haonmhac ochta
an mac is mó comhachta
an rogheag dá labhra is lía
coiméad mh'anma ar an aonDia. Dia ...

168

Dia do bheatha i n-adhbhaidh h'athar
[RIA 1387 (23/O/78), 107]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Dia do bheatha a n-adhbhuigh h'athar
a ógáin le a mbí mo bháidh
feirde do thocht on tuinn anfuidh
go port Chuinn a Chárthuigh cháir.
2 Failte ród a-rís dá-ríribh
a rún fial 'na bhfuil ar suim
a chruth shaor gan *amhla d'fhaluigh
a chraobh chubhra an toruidh thruim.
3 A dhíon mionn a mhóradh eigeas
a oig throm dhá ttóirneas tnúth
rob dia gac lar ceim dar ccongnamh
a mheinn nár as roghlan rún.
4 Maith dhamh a Dhonnchaidh mhic Cormuic
a churaidh mhir as mor ainm
do theacht gan lén *slán a Sagsuibh
lán do shéan ón ghlasmhuir ghairbh.
5 Fiche failte dhearbhus díogruis
dlighim ar tús do dháil dhuid
o thoil do-bhéar uaim an fhailte
do-gheabh dod ghruaigh bháinte bhuig.
6 A-taim romhad lán do lúthgháir
a laoich óig an aignidh mhir
a bheithir bheodha chlann cCarthui[gh]
ní heonna a n-am anfuidh ibh.
7 O thánguis chuguinn dar gcabhu[ir]
a ccrích Neill do arduigh *bhfoi[nn]
ot faigsin dú(i)nn rod fia fáil[te]
a rú(i)n dia bhur sláinte so[nn].
8 Fuighfidh tusa a n-ionadh h'athar
madh áil le hÍosa as dual deit
ní mor duid mar chéim a chara
do chuid féin gur mara a mheic.
9 Fir Mhúsgruidhe na múr mbreaghdha
beg a n-iongnadh iad a laoich
ód triall dod thigh a thuir Lemhna
do chuir sin a menma a maoith. Dia ...

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

169

Dia do shoirbhiughadh Shior Lúcáis
[RIA 744 (A/v/2) ‘Dillon Duanaire’, 24b]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Dia do shoirbhiughadh Shior Lúcais
a los dénta dídin cháigh
go madh togha nach tríall imnidh
a dhola a híath bfinnghil bFáil.

2 Go mbé leis-sion do ló a chuarta
do chabhuir olc innse Néil
ar glac go neamh na náoi bfheadhan
fer mnaoi & leanamh leir.

3 Déé an tíre ón tráigh gor-oile
ag indramh láoich Locha Ribh
um síacht ar ccúl ar ccionn uidhe
go bfhionn rún gach duine dhíbh.

4 Déé *an mhara um mhac Teabóid
ag turnadh confaidh chúan nglas
ar cceangal chor sídh fá sighnibh
go dol do ghríbh Inbhir as.

5 Coimsig ghlúasacta gháoth n-aidheóir
áilim um cheann chuingidh Mhis
do thoirneamh ghaoth nglonn an mhara
fraoch na ttonn nach rabha ris.

6 Go mbéid leis ar leas na heachtra
an uile dhúil día do bháidh
do chur goimhe cneadh is comhráidh
tar fhear mhoighe collbháin Cáil.

7 Fáilte mháordha ag macraidh Shagsan
do *shhon Lúcáis lingeas sgoil
croidhthe máordha(a) go mein tshíghe
ag fein fhráochdha an tíre thoir.

8 Go madh fáoilidh lér bflaith n-amhra
áirdrí(gh) Breatan na mbeann sidh
le sgáoilfe dháibh doilghe a n-imneadh
foirne chláir na mbinnshreabh min.

9 Mana dídin da dhreich tshochraidh
saidhbhrios beannacht na mbocht dtrúagh
a-tá san séd leis ag lúaghuil
nach ceis méd a úalaigh úadh.

10 Ag atach Dé um dhénamh leathtáoibh
do Lúcás Díolmhain dreach tshaor
iomdha thsíar monghuire meidheal
(i)s fonnghuidhe cliar n[e]imheadh naomh.

11 Go reich soirin go Sior Lúcás
láochraidh éiccis is áos cró
gur fhás duibhe gné a nglúinibh

Royal Irish Academy. Col. na Tríonóide, TCD

ag guidhe Dé dúilidh dho.

12 Níor obair Día dul dá nguidhe
Gáoidhil Éireann an fheóir thais
gidhbé as fáth don ghuidhe ghradhaigh
cach uile as a lámhaibh lais.

13 Roighne cháigh a gceasd dá ccurtháoi
cred fá ttugsat do thoil [luaigh?]
[fi?]ugradh do fhlaith Lacha Glinne
[...]th gan tacha as (u)ime fhúair.

14 Ní hiongnadh dháibh dithcheall guidhe
ar ghribh airmhigh Oiligh Neid
os ré lán gan chiaidh da gcomhdha
grádh a ndiaidh na tar[bha téid?].

15 Ní fhúair ríamh riocht a cabhras [25a]
mo-chean ardfhlaith ú[a? ...]
urra shlóigh len díle a dhúthchos
nach fóir t'fhine culchas c [...].

16 Rogha leir tar [loisr?]ian domhnáin
dénamh foghanta fhear ngráidh
fada ó fuair aoduire a aithgin
do chlúain cháomhmuighe thairthigh Tháil.s

17 Dídean fileadh feitheamh críche
c(h)osnamh eaglas ionnramh slúaigh
más mar sin as áil an annsa
dar libh ní grádh fallsa fúair.

18 Biathadh anbfann adhrádh sinnsior
seachna dáoirghniomh dermad cen
gé foglaidh cruidh ní fear foghla
mo-chean do thuir bhadbhdha *Bhriain.

19 Aigneadh fosaigh go feadh ngniomha
gniomhrad baoghlach bhoirte [in?] rath
crithir dhearg a n-ionam fheirge
fearg nach ionann gceilge is chach.

20 Moradh eigseadh ionnramh inmheadh
neamhfhonn bfuatha fonnmar ngraidh
leomhun ar muir feithimh chriche
beithir ar nuidh tshíthe thsaimh.

21 Dlighidh feasda fognamh biotbhúan
do bhrígh tarbha tarraidh sí
dairsigh áobhdha na gcrann gcorcra
a n-am cháomhna a docra dhí. Dia ...

170

Dia sa saoghal le síol gCuinn
[RIA 487 (23/N/11), 10]
File éigin eile cecinit d'Ó Seachnusuigh
[Date 1617, qt 24]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

1 Dia sa saoghal le síol cCuinn
níor chríon siad le saobadh mi(o)nn
pór grás an [fh]reamfhuil gan roinn
croinn nár fás a phreamaibh fill.

2 Ní tuallang go raibhe riamh
acht ag maicne nuaChuinn nár
an treabh nár haoradh re haon
neamh mur aon sa saoghal slán.

3 Do gheall Finnén fada ó riam
do mhínfhéach fátha n[a] bfádh
ní fuláir *fuíghle na sgéal
phréamh Gaoidheal do(dh) gabail grádh.

4 [D]o gheall don iath bhláithfhionn bhlocht
an Tailgion[n] re triall na port
re grástaibh riaghla(dh) na reacht
seacht mbliagna an traith-sin do(dh) theachd.

5 [Tá]naig re tair(i)ngire naoim
[P]adraig go pailminnis Neill
dár bheanaicc fuil is ródh cháich
a bplaig^{r} do athchuir^{r} a ccéin.

6 An pór déighfhear os gach dreim [11]
do *chreidsiad dó dhruim air druim
ré creideamhuin cách dá chill
a ráith fhinn chreideamaigh (?) Chuinn.

7 Sruth d'feile is d'almsain ghloin
san bpreim-sin an tan do thuil
boill don eagluis tsaoir ó sh(o)in
(na) fir gan deangmhaois^{r} a cclaoin ccuil.

8 Tar chloinn Mhíleadh gidh muirn mór
gach fírthreabh d'íbh Cuinn ad-chiam
tearc a ccló(dh) ag síoladh dá síol
díobh is mó do ríogadh riamh.

9 Don phór nár claonadh re col
do naomhadh a só 'sa sean
cá saorfhuil a(i)ra sia cion
(i)s lia(igh) a-niudh do(dh) naomhaibh ar neamh.

10 Forgla(dh) a ríogh neartmur 'sa naomh
ním feasach go bfríoth rea luadh
ocht ndeithneamur 's gach druing díobh
do shíol cCuinn beithreamail buan.

11 Fás a bfhréamh 'sa naomh a-nall
bláth na ngéag ní claondadh chrom
'gá luadh sin gidh ta(i)m ré treall
ní nár liom ar chin ó Chonn.

12 Sgaoilid a séda fá seach
ní shaoilid nách bréagthar an bhioth^{s}
maicne Ghuaire is Chuinn na ccath

Roinn na Lárleabhar, Col. na Tríonóide, TCD

mur Rath Chuill uaine fá ioth.

13 Do bhrucht méin naomhtha na naomh
sa phreim aodhba(dh) ó ghlún [go] glú[n]
breith na seinleabhar ’gá síol
neach díobh dá deimniughadh dhu(i)nn.

14 A ccuing *naomhtha gus a-n(i)u(gh)
don droing cá dearbadh is mó
a-tá ní baogal nách bia
Dia trá(th) sa saogal da só.

15 Ó Seachnasa[i]gh cidh *óg an-os[sr]
seanarsaigh a ndáil na nduas
triath aobhdha is ionnuaidhe fás
ionGhuaire an grás naomta(dh) a-nuas.

16 Acht sgriob mín as bruine ban
dá mbí don chruine ara chor
ní seang fá ó shaorChuinn mBredh
acht seang ngredh is caolcuim ccn[...]

17 Folchaidh pór míngheal gach ma(i)gh
dá-ní-sion mór dá gach mion
tig dá ghnaoi saibhre na sugh
ní dubh faoi acht (h)áirne a f[hiodh?]

18 Fá Ráith Ghuaire is grianda cioth
an uaim-si a siansa na sroth
órgáin is uile fó seach
comhrádh beach a mbruinne bot[h].

19 Dá bhláith shíonas buaine bladh [12]
Ráith Ghuaire ’sa Ghiolla(dh) Dubh
teach nár moladh acht go mion
meath d’fhior na ccomhar do chur.

20 Gnáith na sruithe a cceisd dá chur
ní háil leis acht luige glan
ní luaith nglóir an Ghiolla(idh) Dhu(i)bh
ní dubh mionna do bhrón ban.

21 Ráith Ghuaire fá ngealann grian
buaile na neamhfhann ’s na naom
gan dorcha acht dorus nách dun
san múr toghtha tsolus tsaor.

22 An fedh is bairbf[hl]ioch an bioth
gá teas ’na f[h]oirgniom nár f[h]iuch
gidh bé hoile ní do-neath
ní bhí acht a theach fleidhe fliuch.

23 Tar iath Ír na n-achadh bfionn
ní fríth ní faghthar a ám
teaghlach faoilidh conchoir corr
toirchoir trom gach aoinfhir ann.

24 Gan bliagain acht míle ní sa mhó[s]
ní biartha (?) a shírreic nis sia
sé chéd & a teacht trá

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a-tá ’s a seacht déag ag Dia. [date 1617]

171

Díleas gach éanduine a eidhreacht
[RIA 1134 (23/E/29), Book of Fermoy, 205]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Diles gac enduine a eidricht
d’iúl gac eólaig ni hiul clé
cía do chach nar chlecht an riaghuil
ceart nach gnath ar iarraid e.

2 Duthchus in tí ’ga ta in eidricht
mas fír riam do ríaghuil caigh
cur ’na aghuidh ’ma uair uime
samhuil do bhuain tuinne ar traigh.

3 O áis leinim as lim d’eidricht
anoir Roidsich ní rem gann
gibé ’ga mbe slat na seilbi
dar lat [is] se is eidri ann.

4 Do-chí tú mar a-ta mh’eidricht
a ingen Taidhg nar taem locht
moirn eili oirb gé do íarruinn
in moirn reme iarruim ort.

5 Met m’aintresi o Feruibh Muighi
maigim ort a ucht mar ré
guaille righ as m’oigi d’fagail
moidi ar ndil dot anair e.

6 An t-aincleachtadh uarus romat
a righan Banbha is beo clú
ga nech do gh[e]ab é ’na ingnad
sé nó a mhegh co tibrad tú.

7 Do-chluine le cuid dar n-eolchuib
m’anoir romat a rosc gorm
tu do char fhoinnim san anair
sloinnidh dam ’gut fhalair orm.

8 Ni leicfi mé moirn da hisle
gan agra ort a fholt slim
ní mé a-main do mheall in cleachtad
ní nair leam a lentur lim.

9 Do bamair ar breith ar toile
sa tir-si a tái a thaeb mar re
fa rinn aincleachtaid in uair-si
aithchleachtfuidh sinn uaib-si e.

10 Na caill ar an cleachtad fuarus
fecuidh am choinne a ciab nocht
moirn tabaig (?) oirn ní bhud anair
na tabaig (?) oirn m’fhalair ort.

11 Ge fuarus romat rinn chadhuis

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

a Chaitilin chleachtus buaid
as é as mí aibill dom anair
gac ní sháilim dh'fhagail uaib.

12 Dom feracht gráid ot ghnuis fhailid
'man uabur roim a ro(u)sc mall
is troigh osa chinn do-cuamar
dar lim ní fhoil fhuarad ann.

13 Do bi gen gur bhraithis d'fhuighlib
ét fam dan 'gut dreich mar ré
do thuic gac aen ort 'na fhormat
a tocht a craeb Abrat (?) e.

14 Do cuir (?) ort an uair nach tucas
tús m'egsi dot erla shlim
ferr a gruaid ar gne na cailci
se an uair inab aipdhi inn.

15 Baeghal dam a ndiaigh in mholta
ler muchad t'ferg a fholt fann
mar do-chuaid m'egsi ar to(u)s toruib
in met-si fo(u)s d'fholaid [ann].

16 Fechtur éicis innsi Cobhthaig
cuid dom aintren ard in stair
cia ann nach dingnad ler nduais-ne
's ní hingnad barr uaibsi air.

17 Mo moirn ar tús tarla ar bisich
a bhadb Railenn an ruisc guirm (?)
ar n-uair gan turnam na tresi
ar cunnrad fuair mesi muirn.

18 Ollum tuasud tainic romuinn
as ris benus *brid an sceoil
do-geb ar chomrad nach caithfim
scel 'na ghoblan aithgerr e[oil].

19 Fuair Mac Liag o laechraid Muman
in met ainbret dob ail lais
gan tnuth altruimh ag an fhilid
re daltuib glun cinid Cais.

20 Do cleachtad d'ollam Chinn Chorad
ó(u)s cinn fhiled Innsi Fail
a mhoirn fein is anair *ele
d'faghail o fhein T[o]ighi Tail.

21 Tarla dh'inghin airdrigh Laighi[o]n
gur loidh le Brian in bhá[i]rr thais
dob (urra) orradh re hanáir núaidhe
d'fhadhail d'ollam chuaine Chais.

22 An bean 'na cheann in trath tucadh
do thigh Briain nír beac in stair
do bhí in draí mar tam a treisi
's as dágh do bhái in fheissi air.

23 Mac Líag a treisi Chind Choradh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ac cloind Oilill nar ob ghliaidh
gé fúair sé ar a thoil in tegh-soin
nir oil é acht in bhean-soin Briain.
24 Nír híaradh leis lór dá fhuidhill
ollam úaibhrech fhine Chais
dá mbeth nachar iar acht ainbreath
breath nac biadh in Laighneac lais.
25 Da hardaighedh ollam Muimneach
le mnái Briain ag nar buan séd
tig dham na scéla do scailed
a rélla bhan Gaigel nGreg.
26 Mar Mac Liag 'gud leithéid eile
a inghean Taidhg nar theib dhán
ní fhuil acht fís 'na bhfuair meisi
uaibh a-rís don treisi a tam.
27 Gidh áidhbhseach ag eigsibh Banbha
bronnta na céadmhná is cúis chlú
tar a bfuair Mac Liag on Laighnigh
do glac siad ar tairbhir tu.
28 Da mbeth nac beith ag na ríghnaibh
ní ró dhamh a ndubairt me
éd a stúadh Abrad ret inmhe
dual farmad re ndin[gne] de.
29 Do fhlaithes nír lór dot eineach
a úa na rígh o Ros Cre
*sta bhiadh gac bean oile ar h'inmhe
fad croidhe is ed imre e.
30 Iath Bároidheach na mbenn corcra
is crich Fer Muighe is mín cre
ort do an eire in da oigreacht
blad oile dot oirb[heart é?].
31 A-ta ar dha chinn is cuis formaid
d'eis imthechta a earla nocht
o chlar min muighi na nUaman (?)
tir oile bhus [.....].
32 Cuairt agaib is adhbur croidhe
go Cuan Lai na linntedh máll
an dara seal co Sliabh Abrad
gá bean r[iamh.....].
33 Cul re Corcaig in clair uaine
in uair cure a cruth mar thshuibh
do croidhe ina chin darb amarc
Fer Muighi na radh[arc ruibh?].
34 On tír theas ré tá do dhúthchas
ag dul budh thuaidh a troigh mhall
Caille in Druad in uair-si d'f[haicsin?]
[.....ai?]stir ann.
35 Tath gac thire don da tirthibh [206]

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

a-ta ort is ni he a-mhain
is ben do fhed in da oire
do medh a geg Thoighe Tail.
36 Mar dha-roindeadh gac rath eile
d'eis a cheile dod cheibh buig
mar sin a choindel Chuain Leamna
do-roinnedh buaidh ndealba duid.
37 Gid be saer do gheal na glaca
a geg Aine dar fhill dair
an dath-sin tar ael nir haithnedh
nir dhligh in saer aithfer air.
38 Ni hingnadh uaill d'eirghe eisti
gidh í in braighi a bharr na lub
ní luidh choisg ar aghnadh h'uaille
amladh in roisc uaine ud.
39 Diultur o dhoirsibh in earrla
a úa na righ o Raith Luirc
in bhas ré mboingenn a himghaeth
do choindeall chas fhinnmhaeth fhuilt.
40 A-ta comla do chluim dhatha
fan deirc cúbra a chiabh na lub
is dil sin do dhín na deirci
's ní din ar dhigh seirci sud.
41 H'earrla maeth os malaigh ndruimnigh
ag din t'aighthi ar eatail te
dearc ina deoidh aga dheghain
searc fa deóidh ag denaimh [de?].
42 Na hairim in t-abra gegac
na in gruadh tana a chneas mar chuip
bíth 'na enar uaibh in t-earla
*'sta-beradh buaidh ndealbha dhuit.
43 Nir beac da mbedh aga dhiultadh
ditheal deit co ndearna Corc
dath in da thaebh isin troighidh
da brath a craebh Oiligh ort.
44 Diarmaid Mor fad mhalaig ndigaing
a dherc mhall dá mhíanach Cuirc
gidhbe is chái duid-si re Diarmaid
ga tuigsi od dlai fh[iarbhuig?] fhuil[t?]
45 Rogha deilbhe is uadha fhuarais
nir fás umad a fholt fánn
d'fhein Ghaigheal ar cúl a chéile
glun gan laidheadh th'fhéile and.
46 Fuair Caitilin [is cúis?] meanman
mein na haicme dar fhas si
cach agá togha asa treighibh
fáth rogha do dheinimh dhí. Dilis ...
47 Daibhith a Roitsi is i a eigreacht

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

uaisle bhfola is féile Ghall
ni slighi chael roimh do riaghail
doibh ar-aen ri hiaraidh ann.

48 An cead(a)bhladh uair eigre Muiris
mac Siubhan da slecht gac ri
ní hé a cradh do-chuaidh a taisgidh
ni bladh fuair a n-aisgidh i.

49 Da bhfaghadh [laidh uaim?] gac n-aenla
airdri Roiteac ruc gac buaidh
le barr nEine ni bhudh anair
's gan rann eile dh'fhadhail uaim.

50 Conn [.....]
rann eile dhim dhlighis se
ar cur fa eire do fhiachaig(?)
bladh eile dom fhiachaibh é.

51 San Froi[nsias.....]
[.....] gu n-íaradh sé
tuc in naem ar breith da bhidhbaid
a bheth saer ar dhimdhaigh nDé. Diles ...

52 A [.....]
[g?]loir a thighi do tuill si
diachair a húain uile dh'fhaiscin
ní fhuair Muire a n-aisgidh í.

172

Díogha gach ceirde an carrús
[NLI G334, 388]
O Conuill {Donnchadh} cecinit
{Giolla Brighde Ó hEódhusa}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Díogha gach(a) céirde an carr(abh)-us
marbhthar leis as é a iomthús
an cholann chaomh go ngile
'sa[n] t-anom saor séimhídhe.

2 Beanaidh a ciall 'sa choimhne
d'fior fheasach fá fhorbhfhuighle
cenn ar clár do dhénamh de
'sgan cladh ó aondigh aige.

3 Tig goid is droichoinghíol de
don charrbhus (is) fadógh feirge
glór searbh is baothghrádh ban
is claochladh na ndealbh ndathghlan.

4 As minic marbhthar le nech
a bhráthair nó a mhac múirnech
tig sé d'iomarcadh an óil
diomoltar é is ní héagcóir.

5 Fear na ndeoch bhfhairsiong bhfhada

Roinn na Saeilge & Cel. na Tríonóide, TCD

a ccomhthrom ní bhfhuil iontroda
giodh láidir sin seal d'foclaibh
re fear nách ibh iomarcaidh.
6 Ní feárr leis a lionnán féin
fear na meisge go míchéill
iná ben éigin eile
tréigidh nemh ar nemhghloine.
7 Don charrús línn ní leanta
tig de salchadh suainleaptha
is go lór d'olcaibh eile
do chlódh na ccorp ccollúighe.
8 Fágbhuidh daoine balbh *bobhar [389]
do-ní iad [lom?] lánfholamh
iomad corm a cclí(ghe) an phecaidh
do-ní gorm do ghlanleac(h)uin.
9 Ag ól na ndeoch bhfuar is tte[a]
gibé bhias do ló is d'oídhche[a]
cuiridh de Dia 'sa[n] saoghal
ná ria me 'na mórbhaoghal.
10 Gan charrús ní deacair dhamh
mo sháith d'ibhe dá bhfaghar
'na chaomhna béim(h)e *do bhiadh sin
a ndiaidh a chéile a ccorpaibh.
11 An saoile-si a thruaghain *truadh
lá breithe [maoir?] an mhórshlua[i]dh
bhur n-at a ndáil na dighe
gan cháir l(e)at go léigfidhe. D[i]oga ...

173

Díol fuatha flaitheas Éireann

[O'Conor Don, 190a]

O hEogusa .i. Eochaidh cecinit don chathmhílidh Aodh Ruadh mac Aodha meic Magnusa.

[Deibhí, Dán Díreach]

1 Diol fuatha flaithius Éirionn
crioch Neill na naoi righeibhionn
feidm as nathardha fúair fer
brúaigh na hatardha d'fheitem.
2 Gach rí(gh) ríamh ó ré Cesrach
da ro an t-oilén imresnach
'na ratarbha ní díol dó
sniom na hathardha a hannró.
3 Mór rígh 'ga raibhe an innsi
riam do tuit 'na timcill-si
rige as nemháoibhne fa nimh
tíre gealáoibhne Gáoidhil.
4 Mór madh far muighedh catha
mór lecht ríogh as rofhlatha

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fa creachdhoirsibh na ccóig n-eng
don tsencloinn-sin fhóid Eirenn.
Iomdha cúis far cóir nemhthoil [190b]
da bfaicthi é d'Eirionnchuibh
d'inis Temhrac na ttrí bfer
nemhghut don tí do tuicfedh.
Gid be tairgfes a tabac
caithfid[h] sé seal urcradhach
crioch linnte do cosain Conn
ar tosaig impe d'fulong.
Righe cogthach chláir Logha
iomdha d'éis a rochtona
da snadhmhadh tolaigh an Trír
ádhbhar omhain da hairdrigh.
Mor mbáoghal bhíos 'na cinn-si
minic tnúth 'na timchill-si
's as gnáth foltanus gac fir
fa ráth nochtsolus nUisnigh.
Lór do dhochar 'na deghaidh
ríoghdhacht ratha Muiredhaigh
a faghla a cogad do coscc
pobal nach tarbha a ttegoscc.
Gach lot ós aird no gan fhios
gac turbadh tig 'na flaithios
as é a rí as inlenta inn
ní as nárbh inbenta d'Éirinn.
Iomdha a hegóir ré hathaidh
mór a huilc 's a hanachain
críoch iathglan na n-etal tte
decar ríaghladh na ríghe.
Ceitre céd bliadain barr lais
a-tá sí ar sechrán flathais
an crioch fermhín thoinngeal tte
gan enrígh d'oirnedh uirthe.
A-ta ón ló-soin al-le
fáth báoghail go mbe choídhche
fuil sa bfhuil cion sa chionaidh
guin sa guin ag G(h)áoidhealaib.
An mesuid Gáoidhil ghuirt Fluinn
nach aimlesg d'Aodh O Domhnuill
'sa bfuair fá eining cóigidh
búain fa Éirinn urchoidigh.
Da mesdaois an mesfadh féin
nach cunnradh doiligh dhoi-sein
an eng bhennfhúair do bí ag Art
nemhbhuan gach ri 'na ríoghdacht.
Obair bháoghlach da bharr tiogh
cosg fághla na ccóig ccóigedh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fuinn glanáoibne fán gnáth olc
ní fáth ramháoidhmhe a ríoghdacht.

17 Faghail chennuis chlar Dha Thi
muna nderna a ndligh airdrí
ferr da dreich griosnáruig gil
bheith ar chioschánuidh cuigidh.

18 Gach tríath á ttus a ratha
nach iomchair ainm ardfhlata
do as goire turnam a tinn
turbadh oile fa Eirinn.

19 Moide as báoghal da bharr cas [191a]
as é an bile ard fhásas
os cionn bharr gégdhoire nglan
crann dan cédghoire cláonadh.

20 An bhenn as airde ar úairibh
os cionn gach tuir tháobhnúaighil
da bháogluighe da mbí in tor
ní hí as sáoghluighe sesamh.

21 Gach ard sleibhe a[s] sía radhairc
’s as foigsi don fiormamaint
gnáth donnádhnad a sles sin
le tes ttromádhbhal ttinntigh.

22 Tuigthi d’Ó Domnaill Dhúin Bhregh
fiú a cumacht tar chloinn Mhiledh
d’úamhan tar chách fa a chenn^{s}
da mbúaladh im ráth Ráoilenn.

23 Búain impe as ádhbur gábaid
feuchadh rí(gh) sil senD(h)álaidh
an diol gradhaighthe gort Bregh
námhfairche olc is airgnedh.

24 Gidhedh dob ádbur dergtha
dá ghnuis(i) cruithghil choinnealta
críoch armdha na n-echra mer
sechna Banbha ar a búaidhredh.

25 Gid bé mur ta Temhair Chuinn
ní héidir d’Áodh Ó Domhnaill
a léiged a laim oile
na treigedh chláir Chonoire.

26 Ni diúlta ar dhoilge a fheithmhe
d’fhúath a huilc nó a haimsighthe
inis Neill na ngeigfhiodh nglas
éigion dréim ris an dúthchas.

27 An lacha sa ló shec(h)a
téid sí fan sreibh n-oighreta
lór do chur doimhenma dhi
tol na hoilemhna aice.

28 O Dhomhnaill ní hiongnad dhó
a bfuighbhe impe d’annró

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cert na lachan ar an linn
a cert ar achadh Éirinn.
29 Ni héidir da erla slim
da mbeith nac biadh re hÉirinn
gég ó bhrugh bláthasnac Bregh
dol do ghnáthaslach Gáoidheal.
30 Bí[dh] an duine fa Dhún Báoi
's fa sruth Banna an brúaich fernáoi
's um ghealBhuill ag guidhe lais
as duine im engSruib Iorrais.
31 Maith do-geibhid a ghuidhe
fríoth roimhe a ré Chonaire
lúagh a síorghuidhe mar sin
le slúag fíonmhuighe Fuinigh.
32 Do bhí Temhair mur tá a-niogh
gan rígh do ríoghruidh Gáoidhiol
tar eis an ríogh NúadhadhNecht
dar líon uamhan an t-oirecht.
33 Tionóilid go Temhraigh Neill [191b]
guidhid a n-áoinfhecht ainn-séin
gasroidh síodh fionntolcha Fáil
le ríogh ionntogtha d'fhaghail.
34 Gearr go ttainic an tan-sin
Conaire a ccruth éuccosmhail
cenn ógbhuidhe bfer bFháil[s]
'na ógruire mher mhacáimh.
35 "A mhic" ar maithe Bánbha
"ní dlecht oirnedh h'ionnamhla
ós tiormthulaigh na tTrí bFionn
niad rí iomchubaidh Eirionn."
36 Fregra an mhic maith a thoradh
"ga d'ulc oigre easlabhar
ós chrích ttairtigh tTémhruch mBregh
nemhghuth ar n-aitgin d'óirnedh."
37 "Seinbhen Cuinn ní cúis máoidhim
do bhí" ar sé "'gar send(h)áoinib
nach díongmhala don mhnáoi me
ni hionnrádha ar áoi m'óige."
38 "Ciodh óg me ní misde linn
fíafróchat fios a ndlighim
a ndóigh fhollamnaidh fhóid Bhregh
d'ollamnoib na ccoig ccóigedh."
39 Do mholsat maithe Banbha
a n-áoinecht a urlabra
ós clár Té na ttoinnsreabh sídh
do hoirnedh é 'na airdrígh.
40 A-ta cúis nach cosmhuil soin
riot-sa a rí fhreimhe Dálaigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fedh sáorBhanbha ó mhuir go muir
gan fer áonlabra at aghaidh.
41 Ní thoighéubha tnúth áoinfir
ní dergfa drech áoinGháoidhil
do shlúagh boinngheal tholcha an Trír
th'oirnedh ortha mur airdrigh.
42 Dar leo ní malairt mheallta
ní ísleocha a n-aigenta
róighne an tslóigh-si ó chathair Cuinn
fóibh-si 'na bflathoib feruinn.
43 A-táid ag tiomna Banbha
dhuit ó righ go ríoghdámhna
na sloigh a senchatháoir Bhregh
nemhthatháoir dhóibh a dhéinemh.
44 A-táid agad a Áodh Rúaidh
gan lá éigin gan anbhúain
íath creachBhanbha madh loinn libh
ó chloinn mherchalma Mhílidh.
45 Aithnid do shliocht Gáoidhil Ghlais
móide a n-umla [a] úa Mághnais
dot ghnúis náir da niamthor mionn
do chóir ar íathmagh Éirionn.
46 Téghdhais Airt an fhuinn gríanuigh
ó tiomna Neill Náoighiallaigh
láoich lér tiledh Temhair Cuinn
dleghthair do chinedh cConuill.
47 Flaithes Éirionn deóigh a ndeóig [192a]
gnáth aca d'áis is d'aimhdheóin
láoich ruaighmhera da bfhíar fiodh
úaithnedha glíadh na nGáoidheal.
48 Da mbeith nach dlighfidhe duit
íath Fódhla ferann Cormuic
ar deighrecht do tuill tusa
eigreacht an fhuinn Únu-sa.
49 Do chuiris criocha Banbha
a n-athruigibh examhla
aisling a n-egar a-nois
a dreagain bhaislim Bhérnois.
50 Na bíodhbaidh do bhí a-nuraidh
ré cogthaibh re conghalaibh
'na ttreabhthachaibh a-táid sin
fa senchlachaib fhaid Oiligh.
51 Gan eimhghe gan fhaire cruidh
ó Sruibh Bruin go Beinn Edair
gan fher fhóghla ar fedh bFegha
gan cómhla ar thegh ttaisgedha.
52 Acht sníomh erla fedh sgothach
no cailged bhech mbinnghothach

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

no lercc muighe ag céucht da creim
gan éucht oile fa Eirinn.

53 Grís a n-aichthibh ó ól fledh
grúadha donna ag dáil mháoinedh
as e a bfuil don ádhnadh ann
nó goil ag ádhnadh abhann.

54 Ní thig le hurchoid eile
na le hiomláoid aimseire
fáoibh a rí barrglan Berta
acht ní as ádhbur aigenta.

55 Do chuiris dhíot do dhocra
tug an toice domhanta
ort a mháoir tabaigh Temra
a thaghaidh sháoir shoidhealbha.

56 O Chrúachain Medhba an mhuir gloin
ní muirfidhe an agh *eallaigh
go Temraigh gan toil do mhaoir
’s ó Breaghmuigh soir go senDhaoil

57 Súan na hoighe ar inis bFloinn
bith uaibh-si a Áodh Í Domhnaill
gan chuimhne ar gach n-olc aice
dar ngort Cuinn-ne as coruide.[x]

58 Rann as gach ndán da dreich muill
a-ta ag Áodh d’fhíachaibh oruinn
ar ccédcheile ar ccridhe dil
bile echtfréimhe hUidhir. Diol ...

174

Díol tnúithe Inis Eoghain
[TCD 1356 (H.4.15), 102 (Third Copy)]
Eochaidh Ó hEodhusa cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Díol tnúith[e] Inis Eóghain
gnáith riamh don eing ilcheólaigh
críoch armghlan as úire fonn
aghnadh *tnútha ’na tíomchall.

2 Do shuidhsiod clann[a] Cearmaid
a ráith Oiligh imealbhuig
críoch linte na síothmhúr slím
fíochthnúdh impe tar Éirinn.

3 A-drochair dá dhearbadh sin
Ioth mac Bile meic Breóguin
bá crích n-úir na n-abhall bhfionn
do robharr tnúidh ’na timcheall.

4 Dá ttáinig(h) ó thor Breoguin
tar muir n-eignidh n-ainbhtheanuidh
lucht bairce don talmhuin thoir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

go hadhbaidh ttraichtte tTuathoil.

5 Dár ghabh le a bheagán buídhne
ré slios bhFodla bhféarghuirme
’na mbróin neamhghnáith menmnaigh mir
go seanráith n-eingghlain nOiligh.

6 Dá bhfuair ag fobairt troda [103]
trí meic cródha Cearmoda
múr seang an ghormárais ghil
fá chend órlamhais Oiligh.

7 Do réidhigh do réir an sgeoil
ider chlann Chearmo[i]d(a) Milbheoil
gur chuir d’aontoil fíoch na bhfear
maoltar lé hÍoth a n-aignedh.

8 Ioth mac Bile meic Breoguin
molu[i]s an tír taithneamhaigh
tug geáll ré ndealachadh di
eang na sean[a]chadh síthe.

9 Clann Chearmoda cúis goimhe
ar mbrath a bha[i]rr ionmhuine
d’eing chioghabaidh na gcall n-úr
dár líonada[i]r ann d’ío[m]thn[u]th.

10 Dár leanadh a los ceilge
Ioth lé hiomad ndíbhfeirge
mun n-inis saor ttolchaigh tte
dá ttorchuir do thaoibh tnúithe.

11 Críoch Oiligh an fhochuin bhuig
más fíor is dá taoibh tháinig
tuitim d’I(o)th gun a fheaghain
’mun gcrích gcnuicfhinn cciuins[h]reabhaigh.

12 Mór ngliadh ón ló sin a-le
mor ndeabhadh do druim tnuidhe
do *lagh ’mun ngoirminis ngloin
tar chlár gcoirmmhilis cCobhthaigh.

13 An tír-si a-tá fá Oileach
tearc cara na comhuigheach
gan fhíoch gan f[h]ormad impe
an chríoch fhonnbhog imeillte.

14 Ó Dochartaidh dreach shíthe
a-tá ’na chladh choigcríche
ré clár sribhgheal na síoth bhfionn
dá hinreamh ar fhíoch nÉirionn.

15 Lámh dhúnta a ndoras gabhaidh
liaigh chneasaighthe a ccréachtálaidh
breac oireithreach coimdhe cáigh
oighre slóighfheithmheach Sea[á]in.

16 Mac Aibheilín fhobras cath
d’iath Oiligh na n-eas ngrianach
críoch thonnmhalla na ttrágh seang

Roinn na Séimeic, Col. na Tríonóide, TCD

as fál chonnmhala caibhdean.
17 Ó Dochartaigh Dúin Eamhna
ní hosgailter éinbheárna
dá ionnramh nách iadhann féin
’mun ngrianfhonn sriobhghlan soiléir.
18 Iomdha doras baoghlach báis [104]
iomdha beárna dob fháth uathbháis
do dhúin ré creachfhoghluibh cáigh
’mun neathardhuibh n-úir n-ionghnáith.
19 Na tolcha timchioll Doire
feidhm deacrach iad d’ionghoire
fuinn sgaithréidhe ’mán mín muir
do rígh f(h)laithfhréimhe Fiachaid.
20 Slighthe na gcrú ’na cceann sin
slighthe bárc ar a mbéalaibh
fuinn thaobhlana thobar ngeal
obar aonlamha a n-innreamh.
21 As í as éadaingne d’Ultaibh
an chríoch-so chrú Dochartuigh
eang crobhuinggheal na ttreabh tte
ródhaingean gidh edh ise.
22 Gé a-tá ar chiumhsaibh an chóigidh
as í as faide ó urchoidibh
ó shluagh thoighe na ttrí nArt
as í as goire do ghuasacht.
23 Di as baoghlaigh(th)e a n-iath Uladh
[is?] di as foigsi anaghal
tearc foghlaidh ag cur ’na ceann
gidh gar d’foghlaibh a himeall.
24 Críoch Oiligh na n-innber lán
cosnuidh Se[a]án mac Se[a]a(i)n
’s na réidhshlighthe ag cách ’na cheann
a n-éindrithle ó rath Raoileann.
25 Ní misde a díon dia do rath
an long do mhúir an marcach
oirear sean na ttonnbhruach tte
cómhluath a cceann na críche.
26 Gidh mor a ghuais ní guais *air
lorg creach gach aonlá innte
eang bróinchleithe na mbord tte
gan lorg éinchreicher aisde.
27 A lámh éachtach a éanga
mac Sea[á]in síoth dhoidhéanmha
fuinn rosglána na ttragh tte
dhá fhál cosnamha a criche.
28 Ré a lá ní léigid táirsibh
an dá dhaingean díoghainn-sin
ingreim do thuinn nó do thír

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

tar imlinn fhuinn fhéarmhín.
29 Ní lámhann einneach d'Ultaibh
do lucht diomdha Í Dhochartuigh
an eang *fhionnsion iona n-éar fhíoch
céim tar chiumhsaibh a coigcríoch.
30 Dála na gcolum cian uaidh
ris an leómhan lór d'anbhuain
mun ccrích n-úir[r] ngorm[m]aighigh ngil
ag foghlaidhibh fhuinn Éibhir.
31 Ealta cholum (f)eacht eile [105]
do bhí a n-inis d'áirigh(th)e
láimh ré ceómhuir n-uair n-anfaidh
fá uaimh leomain ledurthaigh.
32 Sreathaid ré slios na trágha
na coluim cuairt andána
bárr reachta do aghain air
ar aghaidh leaptha an leómhuin.
33 Arduighis luinne an leomain
téid fán ealtain eidtreóruidh
nó go ttorchair dírim dhibh
'mun sidheing ttolchaigh ttráichtmhín
34 Tigid a cceann a chéile
cuimhníghid cúis aithmhéile
d'éis rochuir áir na healta
'mun ttráigh srothaigh shoineanta.
35 Ar mhair d'fuigheal na healta
measuid do mhuin aigeanta
ar thuit 'mun ttraigh ngéigghil nglan
gurbh féidir dáibh a dhíoghal.
36 Ionnsuíghid uaimh an leómhuin
'na mbróin sheitrígh shoileónaidh
ar tí a oighidh mur budh eadh
ní fá doil[i]g do dhéanamh.
37 Ar tteacht ós úr na huamhadh
líonaid d'eagla is d'uruamhan
an ealta go héasga[aidh] air
go feachsain leabtha an leómhuin.
38 Ar thuit 'mun uaimh don ealtoin
d'fe[i]rg an leómain láinnertmhair
maithid dó ga doilghe cás
lé ró oimhne lé huathbhás.
39 As í an uaimh Inis Eóguin
as é an biodhba(idh) buirbleómain
go bhfeirg reachta rí(gh) Doire
as í an ealta a fhoghlaidhe.
40 Gráin na healta ris an uaimh
'gá lucht foghla feidhm diombuaidh
clár sriobhmhilis nách súidh muir

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

ré finnInis n-úir nEógain.

41 Sgáth fíadha ré faicsin gcon
sgath ealtan ré huaimh leóman
ré ccrích raidghil na ccraobh ccuir[r]
'gá naimhdibh san taobh thalluinn.

42 Gidh mor 'na haghaidh d'Ultaibh
tír ríogh fréimhe Dochartaigh
ní guais dóigh do dhéanamh dhi
is cóir gach aoinfer innte.

43 Iomdha cosnamh ré cois ne[i]rt
do-ní Se[a]án séan oirde[i]rc
d'eing theichtmhín na ttoighedh bhfionn
tar éintír d'oirear Éirionn.

44 Lán do chosnamh chláir Bearta [106]
a breatha a bháidh dheighrechta
beither riFhinne rosg mear
a fhírinne a chosg chaibhdhean.

45 A fhior f(h)latha ar feadh Banbha
a thruime ar f(h)ear bhfíorfhoghla
[ca?] sean[ch?]anga nách saor breath
a neamhtruma ar naomh nimhneach.

46 Mac Sea[á]in dá ngormtur glais
cungnamh dhó um dhíon a dhúthchuis
urra chomdha bheannmhúir Bhreagh
a neamhdhúil fhoghla is airgnedh.

47 Ní eimid ní iarr catha
ní bheir acht breath infhlatha
trilis fhiar na bhfainnchleacht bhfionn
ní iarr aincert ní fhuilngionn.

48 Columdha ar cheannsa nuaille
ré haighthibh fhear n-aonuaire
a gruaidh rócorcra[r] a rosg mear
faolchonta ag cosg caibhthean.[s]

49 Ní hóna acht ré haighthibh sgol
ní lonn acht ré lucht diomdhadh
ní heagal go huair bhfedhma
dreagan sluaigh na seinEamhna.

50 Seabhac lann go bhfraoch fiadhaigh
caor comraig crú seinFhiamhuin
bárr na nglún ngeagsholus nglan
céadorus rún na ríoghan.

51 Dorus cogadh chláir Eamhna
díbhfeirgeach dúin rígh*Theamhna
feithimh banachaidh dá bhorb
beithir lamhachaidh *leathbhrod

52 Biadhach coisgthe chiocrais badhbh
leomhan féigh go bhfraoch n-agharbh
slat mearchaomh airgtheach Eine

Royal Irish Academy. Col. na Tríonóide, TCD

derchaor thairbtheach teintíghe.
53 Toradh thinghealta séadna
onchú aingidh uaithmhéalda
fear deimhnighthe físi Find
neimhdrithle grísi Gaibhnind.
54 Ortha cogadh ceann deighshídh(e)
oighir eachtach Aibhéilín
dearg réaltanach dá bhfiar fiodh
eantobhach ghiall na nGaoidheal. Díol ...

175

Díon tíre dá thighearna
[RIA 744 (A/v/2) 'Dillon Duanaire', 63a]
[Casbhairdne, Dán Díreach]

1 Dion tíre dá thigherna
sioth gach criche a chomhardha
gnath togha da thigherna
d'Ib Logha a ttrath togharma.
2 Tig diobh echtra ar fhoghluidhibh
dion decra ar gac degh[urraidh?]
tir gan omhan aindlighidh
fa chomhadh shil sheanLughaidh.
3 Do mheid déine a ndearrluigthe
téid an fheile a n-orrdha[irce?]
do chlu chaigh as ceinnlitri
a ndail ar ccru cCormaic-ne.
4 Sen criche don Cormuicthreibh
sgel gach sgribhinn deighlitrigh
cairt Emna doibh dearrluigther
do choir shealbha o she[inlitribh?]
5 Cru Domhnuill mur dhaghmhogha
do foghluim clu congnamha
(a) a dúinte ar siol seanLogha
ni dion cuirte comhladha.
6 Ceim suas re gach saorbhuighin
dual 'ga (a) fhreimh [o?] a rioghr[aidhibh?]
ainm (i)earca os iarladhuibh
da ghairm reampa a rio[bruig?]in.
7 Raghnall Og fhuair d'firfheile
lé a bhuaigh a ngnath gle[nuaighe?]
ni shir d'onóir orfhainne
acht faghail fhir enuaire.
8 [An?]cheis reimhe roidsheolaidh
tar dheithfir n-eich eigciallaidh
do thaobh traighe toigebhaidh
fainne caol don cheidiarruidh.
9 Tír fa Raghnall raonlasaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

d’anbharr (?) ghris um ghliadhbosaibh
badbh go hes ’na henlasuir
o thes arm an iarla-soin.
10 Briocht druagh ar dhreich suaithenta
ga aseirc a[i?]nuagh [.....]
do ghabh ben beirt ndraoighechta
d’ú Eirc gur fher einechtr[a].
11 Frioth re a ndáil da (a) daoinibh-sin
gac diol ’na raith rish[...]
ollamh uaidh gan eineasbhaidh
bronnadh fuair on Ileac[h-soin?].
12 Da fhlaith ortha ag ionghuire
a maith fholchus ainbhfine
cach fa nert shil seanMhaine
brigh ag techt san ttairrngire.
13 Sio[l?] uaidhe ag gach enbuighin
bríogh a uaisle os iarlfholaibh
[ced?] suain do fhreimh rioghLughaidh
an ceim fuair os iarl[adhaibh?].
14 [Drei?]m an fhéinneadh fheadhmfhosaidh
leim d’éinfhior a hilge[saibh?]
[...]r shen t’oighre an umhla-soin
ni fhoighbe fher n-imre[sain?].
15 [...]de a meigh mhóiriomchuir [63b]
Éire leibh do láinimthigh
[...] as gnáth uaisle os Éireanncuibh
cach as uaibh-si airimhthir.
16 [An?] uaisle ar ainm bhfíreinigh
ar ghairm nuaighe ar nuamhoguibh
[...] uidhe re siol rioLughaidh
do briogh t’fola fuarabhuir.
17 [An?] righe radh seinleabhur
sgríbhne ag cách ’ga chuimhniughadh
acht ri ar t’fine d’ainmniughadh
ni dhlighe í d’umhlughadh.
18 [Tú] ag breith cheime os churadhuibh
Eire leibh ’ga leanamhuin
[l?]e leirg ngliadh do ghabhabhuir
do sheilg ar fiadh bhFeradhuigh.
19 [...] tú a Raghnuill rioghamhuil
clu um dhaghroinn ar dhaileabhair
[...] oir freimhe fialLughaidh
t’feile doibh as dáileamhuin.
20 Tearc [d?]iarluibh t’fear coimeasa
breth le fiaghnuibh follasa
[fuair?] tu ceim a ccennusa
ni beim don chru Cholla-sa.
21 Do toil riogh do-righneabhu(i)r

Roinn na Sean-Ir., Col. na Tríonóide, TCD

an síoth doit do daingni[u]ghad
[o?]mhan d'fógra fhoghluidheadh
cobhuir d'Fodla ar aindlighedh.
22 [Ar tt..?] do theisd deigheinigh
gan cheilt fa mhagh Muireadhuigh
se ag cru Airt 'ga oileamhuin
an clu a ccairt 'gar chuireabhuir.
23 F[e?]gh criche as ceilt oirbhire
ar dhirghe an cheirt cuimhnighe
[...] [th'?]omhan 'ga ionghuire
ór ar chonuir chuirmdhighe.
24 [..t]arrla red teinnfheghuin
damhna bróin da a mbannáluib
feidhm d'aithle an iombualaidh
feilm gan aithne a hanal[aibh?].
25 Breith buaigh riamh do-roineabhuir
a n-uair ghliadh don Ghaoidhealfhuil
[tós?] ar ath got feinnidhibh
a nós gnath tar Ghaoidhealuibh.
26 [...] Dhomhnuill ar dhinbhertuibh
led shén ccomhlainn céimleantuir
[...] a ttaobh t'airm oirlitrigh
gan sbairn ar aon d'feimdhechtuin.
27 [...] na nduas do dhaileabhuir
suas led mhein os mhilidhibh
[...] t'onoir d'aoigheadhuibh
gabháil go fer bhfireinigh.
28 [Do?] [th]aradh na tromaibche
bhan mBanna ngil ngrinnilte
[an?] gheg um chnuas cengailte
a-nuas nach fed imirce.
29 Buaigh líog naoighe a nuashroth-san [64a]
ag diol daoire [dam? ...]
dó bhríogh shed eas n-uaruisgedh
nach fed tes a ttraghad-san.
30 Ubhla feagh 'ga bhfíorbhloghadh
gach sreabh cumhra on chéirleaghadh
guais re a mhed ar mhoirleanabh
fa ghéig cnuais ar ccer [...].
31 Mall gaoth tribh um thonnloingsibh
fraoch ní bhi ar an mb[al]bhaimsir
griangha a ttír do thiormshoillsigh
do bhrigh riaghla an Raghnuill[-sin?].
32 Triath aontogha a fhiailfine
d'iath Aontrumha as fiorfh[..]
ainm féile ar íath nIúghuine
tre triath fhreimhe rioMhaine(?).
33 Do-chuaidh sniomh a saorbhosuibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

dion ar ghuais re ngliadh[frasaibh]
críoch fhaghluidh gan énlasuir
crioch aghnaidh an iarla-soin.

34 D'fios sgél iarla an fhíreinigh
se iarrus gach aoinfheghuin
teachta a ráth í rioLughuidh
eachtra as gnath ar Ghaoidheal[aibh].

35 Mac Maire o mhur gheilEamhna
cur laimhe os luth infhedhma
do ghuais sloigh na seanarma
ni ghluais tóir le a tigherna.

36 Tarrla os chach a chomhaoisi
fan mBanba as dal deighfhísi
ni doiligh dáil rodhuaisi
a laimh oighir Eilísi.

37 Cur caigh fa fhreim rioghLughaidh
se gan gráin re gliadhghonuibh
do ioc cruaidh airm oirleabhair
an t-ainm fuair os iarladuib.

38 Tig dhion dochra a ndaghtoile
do siol Colla o a ccaig[...]
tre cuing bfeile feithmhighe
ar dhruim reidhe a roich[ride?]. Dion ...

176

Diultaim dod sheirc, a shaoghail
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 121]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Diúltoim dod sheirc a shaoghail
bur n-ansacht ni hiontaobhaid[h]
cia da madh tugtha taobh ruibh
ni dulta d'áon ar t'ionchuibh.

2 A cara an chumuinn fhallsa
maircc do-chuaidh ad cumann-sa
do cara ar ti iompaoidh ort
da tti ni hiontaoibh h'ansocht.

3 Da glioca do-deana a dáil
is gearr go gcuire a compáin
fear taoibhaidh a runa ruibh
ar gcula a saoghail santoigh.

4 A soitheach fhallsa folamh
cibe bheas dod breathnogadh
d'eis do measda ga ttú dáoibh
do dleas[ta] tu do thatháoir.

5 A saoghail corraidh chailltidh
saothraidh tnúthaidh tiomairgidh
a sheanóir deacraidh dheraidh

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

peactaidh dearoil droicsgelaidh.

6 An trath is mo d’eigion air
gach fear re t’f[h]urtacht d’iarraidh
is tocht a mbearna baoghail
ort da ndearna a drochsaoghail.

7 A meabhlaidh ’s(a) a bhláth go mbreig
ni cóir cion ar do leitheid
ni dligh tú toradh oraibh
cnú folamh bur n-ionnsamhail.

8 A saoghail ciontaidh colaidh
a choill cnuaisbeag chríontoruidh
ni bfuil ionnad acht coill chríon
do soimh ar iomad mighniomh.

9 A cathair gan cion os cionn
a chlair ag nach fuil foirionn
soitheach trom tu gan toradh
tú an long arna leonogadh.

10 A saoghail gidhbe ’ga mbí
ni bfuil ionnad *as neimhthni
gidh be [’ga] mbí bí mar sin
an *te ’ga mbí ni bithir.

11 A saoghail cealgaidh corraidh
a doill breagaidh bladhmonnaidh
maircc do thaobhaidh tu a-nallain
a tru tháomaidh thaghallaigh

12 Maircc aga mbi bualadh faoibh
a saoghail dona díomháoin
ce fuair tabhacht ad taibhsi
dar smuain abhacht oraibh-si.

13 Da mbein[n] da ttuireamh o thús
a shaoghail is é a n-iomthus
nach gar fuigioll t’olc d’airiomh
ni cuirionn ort t’iomcainiodh.

14 O ta sinn acc sinteacht úaibh
an saoghal doilidh diombuain
o ló is neimhiongnadh a-nois
ceiliobradh do da ndeanmois.

15 On riogacht giorr boicht-si a-bhos
a-ta ar súil is é an t-eolos
goin na cige go gcuir sionn
don righe ar nach bfhuil foircionn.

16 Tar gach n-athchuingidh oile
íarroim ar ttús trocoire
liom go raibh in Rí neamhdha
mas í toil an tighearna.

17 Caiteriona is Maitias maith
ar mbreathamh ós e in t-airdflaith
da ttaibhge a coir ar a chloinn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mar aigne doibh ni diultoim. Diultoim ...

177

Dlighidh file fagháil aisig

[NLI G167, 118]

(see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 34)

An Cuchoigcriche ceadna do chum an dán-so don Mhaghnus remhráite um an ccuis chedna

[Séadna, Dán Díreach]

1 Dligid file faghail aissig
iongnamh [a] fhad gur iarr sinn
da bfaghadh si tóir a tabhair
ni hí an chóir nach labhair linn.

2 Mo choir a-muigh móide as iongnamh
fa fhúil Chonuill na ccorn bfíar
a sherg nir chleacht cinedh Conaill
cert na ffiledh romhuinn riamh.

3 A thabhach an trath do fhédfadh
an t-aiseg-sa iarrus sinn
cia dan cóir dóigh as O nDomhnaill
cóir a-mháin 's nach bfoghbhaim inn.

4 Briseadh ar slán cia nach ccualaidh
ga creach as cora do ríomh
sinn on uair-si as coill gan chana
do bhuing uaisle ar ndana dhin.

5 Ar bfearonn cairte o chath Bernois [119]
do benadh dhinn doirbh an bhreath
móide ar mbroid ga dál as duilge
o a-táim dhuit ag cuimhni ar ccreach.

6 Briathra millsi *ar mhuirn airdrigh[s]
ni heinchreach dhúin dedhail riú
do benadh dhinn doirbh an fhaghal
moirn riogh nach bfaghur a fiú.

7 Mé da agra ar airdrigh Bernois
ar benadh dhíom doirbh re a ríomh
dual 'na leith gach én dar n-ealta
do-ghen breith ar reachta ríogh.

8 Lorg an reachta-sa ar rí Murbaigh
maith re a lenmhoin leanfa[idh] me
an recht riogh d'folach 'na hinnill
tobhach 'na díol dlighim de.

9 B(h)éraidh tóir timchioll ar n-aisig
ort a airdri(gh) Eassa Ruaidh
as mairg do-ní dóigh da ndearbadh
ni tóir í ar a mbearar buaidh.

10 Tóir fhileadh (ar) a n-armaibh aoire
adhbhar guaisi a ngonann siad

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tóir as ionchuir ar fhóir nGaoidheal
tóir nach iomchair aoinfher iad.

11 Tóir mhall nach maithfe mo choir[e]
Colu(i)m Cille da ccreid sinn
i ttigh riogh sul do ghabh grádha
do bhiodh ag car láimhe linn.

12 An t-ord fileadh as é a aithgherr
oraibh riamh rugadar buaidh
cia don dáimh aoinfher dar furail
cóir gan mhaoidheamh d'faghail uaibh.

13 Faghal córa cidh fa maoidhfinn
a *mhac meic Aodha as árd sdair
sé far n-agra niba headóigh
da n-agra mé an eccóir air.

14 A bhreath féin da bfaghainn uadha
ni fhedar a ndiultfainn di
dual an bhreath dom dhíon o dhligheadh
breath riogh is breath fhileadh í.

15 Ri Bérnois ar mbreitheamh comhthrom
cóir na bfileadh feitheadh sin
dreim re a bhlaidh ni fhuiling einfhear
cuirim ar denemh a(i) ndligh. Dlighidh..

178

Dlighim íoc as m'fhearacht gráidh
[RIA 1134 (23/E/29), Book of Fermoy, 201]
Corm[ac] m[ac] Eogain hI Dalaig cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Dlighim ic as m'feracht graidh
ni sirtha a n-aiscidh anair
a faghail gemadh dual damh
ni buan anair nach icthar.

2 Fuarus aiscidh nar fhiu mhe
fuarus failti fhecht oile
fuarus ni nar dailti damh
gidh hi an fhailti ni hicthar.

3 In deoch graidh do dearluig damh
ua na righ o Raith Cruachan
ní mor ar ar dhail an ndigh
gerbh ail a hol a n-aisgid.

4 Cengal na toili tic as
in toil mall as hi anas
feirdi in ti da tabhuir toil
nac faghuir hi mar iarthoir.

5 Mu breath fein da fagad me
o ingin Taidhg fhecht ele
ni do sin a-bhain do bheind

Roinn na Gaeilge · na Tríonóide, TCD

acht don digh graidh do-gheibheim.

6 Fuarus anair dob ferr lind
dail a sed ni he airmhim
fiss a ruine do dhail damh
nair duinne muna diltar.

7 Don laimh cle dá cuire mhe
d'egla ollumhan ele
in lamh deass narbh í mh'inad[h]
nir mes si 'gar suighighadh.

8 Duas mar aighidh uaithi soin
do-geib misi is moirn olloim
ni hail gan riar desi damh
tresi nacar iar ollam.

9 Le med m'ainbreath uirri soin
egal leam in la a-derthoir
gur cuir mesi cach am cenn
ni gnath tresi nac traigenn.

10 Sgel ar Bricne na mbreath ngrinn
fuair misi 's ar mhnai Oilill
tainic tren in olluim as
ni scel gan orraid[h] fhuaras.

11 Gu Dun Atha Fén na flegh
Bricne gid beg do sailead[h]
teit in uair-sin o [fh]reimh Roigh
ceim do uaisligh ar n-anoir.

12 O nac fuair Bricne sa mbrugh
Flighais nar etigh ollam[h]
ní mor gur toirind is-toigh
slogh Oilill no gur fagoibh.

13 Mar fuair Bricne na mbreath caidh
ben Oillill arba an anair
da reir do athraigh tar ais
da cathraig fein le Flidhais.

14 Ben Oilill fa hordraic blad[h]
tuc bronnta d'ollam[h] Uladh
nar chasmail d'faghail gan fhi[o]s
casnaidh d'anair na n-eigi[o]s.

15 O mhnai Oilill na n-arm tais
re n-imteacht d'ollam Fherghais
frith gac aiscidh ar ar an
gur scith n-aistir in t-ollamh.

16 Gidh mor tindlacadh tuc soin
ar son molta meic Carbhoidh
is mo ar ndil gac uair budh ail
ni do sir fhuair in anair.

17 Re hingin Taidg in taibh gil
a-der os damh is aithnidh
do ben imtha a ben Bert(h)a

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ni fhindfa h'fer einleptha.

18 Da tegmad a thabairt duit
d'oighreacht ingine Cormuic
sealbh na teasta fhuair Aillbhe
ni huain ceasta comairle.

19 Do-chuaidh tú tairsi a taebh geal
gidh tusca tainic Emhear
do clú ar dereadh ní dlighi
is tu Eimer h'aimsire.

20 Inghen Fhorgaill nar ér nech
gid hí dob airdi eineach
do an bladh an einigh ort
a bladh d'Eimhir gur iasocht.

21 Meadbh Cruachan nar eitigh fher
Mor Mumhan ger mhó a hairemh
do chinn tu ar bladh na mban-sain
nac an do clú a gcomharsain.

22 Gach toirbert dá tugad libh
lentar ort ag na hinsibh
do-chaidh a n-oigreacht oruibh
dail na toirbert tugobhair.

23 Nir ghabhtha damh od dreich gil
t'anoir d'fagáil mar aighidh
gemad nuaidhe ar n-anair ass
buaine a faghail mar fuaras.

24 Fuarus orruim nar fhiu me
d'faghail a hucht do treise
dom anair a bhean Banna
gan fer d'fagáil m'urrama.

25 Da lentai orm a fholt cas
do tresi in trath fa fuaras
ar moirn a clechtadh do-chaidh
nac lentar oirn ar n-anair.

26 Ar dail tusa a fholt mar fhail
do thuill bladh do Cloind Carrthaig
cuid molta don cuan cinil
do gruadh corcra a Caitilin.

27 Gibe ele a errla tiugh
th'oighrecht ó aicme Gaighiul
gne h'aigthi no aebh na nderc
a craebh aithli is don oigreacht.

28 Mas dot' oigreacht o fhuil Cein
in rosc corr [nar?] thuill toi[bhéim?]
in folt tais no in taebh leabhar [202]
ar ghael Cais is cuimhneaghadh.

29 Muna beim do gruadh mar gloin
ni fuighthi le techt toroibh
a troigh reidh bairrleabhar bog

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

beim re aibhlegad orod.
30 Nir an aguibh a folt tais
d'eis gach daimhe dar dilais
gan bronnad acht in brat sroill
nar glac ollam[h] mar anoir.
31 Nir ingnad aisgidh oili
da tibread[h] ben Boroimi
dailid[h] si ar son a molta
a tol gid hi as ingonta.
32 Fa ingin Taidg tuilleas blad
falta rim ac mnaibh Muman
d'aithle molta mna Adhar
ar folta a-ta ag tromaghad.
33 Gibe blath do bhi ar an fidh
croind uaisle fhine Gaeighil
tuicti ar blath na crand cinil
barr o chach ag Caitilin.
34 Da fosta ac fuireac re dail
sed buadha ara mbí anair
ni fhost geg abaidh o fhir
sed acht re hagaid n-aighidh.
35 A-tait re tabhach toili
ruisc malla mna Maenmoighi
abhra fiar ler toibhgheadh toil
níamh mar oighreadh san aghoidh.
36 Ni thuigim da mbeind 'ga brath
cia dibh da tibraind tosac
na fola lé fhuair-si geall
mogha uaisli da n-airmhem.
37 Ar toil comuind da chele
misi & craebh Coirrshlebhe
ni hi in toil nacar gabh greim
ni foil dhamh acht mar dligheim. Dligim ...
38 Gidh mor toirbeart do dail damh
mac Muiris na mur línmhar
ní thug duin aisgidh bhudh fhearr
in taiscidh ruin nac roindfem.
39 Daibhith a Roitsi rosc glan
gur thogh ind tar gac n-ollam
do shaer so ar gac n-aincin inn
ar n-aithnimh is do dlighim. D ...

179

Dlighthear dhíom cuimhne an Chalbhaigh
[RIA 540 (C/iv/1), 164r]
An fer ceadno cecinit [Goffraidh Mac an Bhaird (160r)]
[Deibhí, Dán Díreach]

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

1 Dlighter dhíom cuimhne an Chalbhaigh
slat don fhíodhbhuigh órabhluigh
fa díon d'ollamhnaibh fhóid Bregh
*follamhnaigh na ccóig ccóigedh.

2 Bláth an mhaicne ó mhuigh Éile
lér ghein rath roréidhe[s]
gég ó lubhghort cáomh Cnoghbha
craobh go n-ughlacht n-ughdardha.

3 Én gribhe d'ealtoin Uisnigh
cáor go mbruithnigh mbeóluisnigh
d'íarsm[a?] chrith(i)re Cormaic Chuilt
drithle dob oirrderc adhaint.

4 Foillíocan go bfás n-innimh
cuisle don fhuil fhirinnigh
ógfhoichne a hithir na bfionn
crithir togaibhthe ar ttuirionn.

5 Dóthchas dá ndlighim labhra
planda don phór ochtarrdha
do fhás ó Níall na Náoi nGlas
dar ghíall gach sáoi le senchas.

6 Baramhoil rén beitte súil
leanb dar dherlaic Día an fortú[i]n
éiffeacht sen solabhra sháimh
cedh acht comharrdha conáigh.

7 Taibhreadh andsa ina fhéghaidh
briocht toile ina thaighéradh
da rían is raibhte re rath
aithne as cíall gun Chalbhach.

8 Don tslatán ó shith Seghsa [164v]
ni benfadh barr fírchendsa
slat a chomháoisi dar chin
san fhoráois[-s]i mac Milid[h].

9 Rainic macán mhoighe Bregh
búaidh n-egcoisg a n-áois náoidhen
búaidh mbarumhla búaidh mesa
búaidh n-aradhna is n-áinesa.

10 Breth don Chalbac[h] Ó Máoil Mhúaidh
a ccuigedh Meidhbhe an mharcshlúaigh
'sa Midhe mhín maicne Floinn
fa tír cairte da chrobhoing.

11 A oidedha um Bhuill bhendghloin
a ghaolta um Bhóind mbinnealbhaigh
fuinn leathchorra as lán da sheirc
bud sámh eatorra á ingheilt.

12 O Cruachan na ccladh sgathach
ar hoileadh Conn Cédchathach
soirin go senráith na Níall
derbhdháith h'oighir á Uilliam.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

13 A macaoimh a mhic Mairgrég
sibh go foill ge fochainghég
bíaidh ceinnbhile aga radh ribh
gud dheirbhfhine a cclár Cobhtaigh.

14 A mhic Uilliam Í Maoil Mhúaidh
[a] gein do dhealbh Dia ar deaghúair
a bhláth a mbél a thoraid[h]
le sén a ttráth tangabhair.

15 A d[h]úsgadh drithlionn deighNéill
is Cairbre an chuilg fhrithirghéir
a shéla fíre na bfer
do sgéla dhínne dlightior. Dligthior ...

16 Fiú a fhíalus re hógoibh cniocht
an mac-sin Mairgrég Clifiort
úidh na nGáll-sa ar ghuidhe lais
cuire nách fallsa fúarais.

17 Gidh íad a bhraithre naomh[sa]
guidid mórrath don mhacáomh
tréd do dhligh díall re comhtha
do ghin ó Níall natharrdha.

18 A hucht na n-érlamh ’s na náomh
a choimhsigh na ccerd neamhchláon
re doilgibh ni díosc do rath
soirbhidh a Chríosd don Chalbhach. Soirbhidh ...

180

Do caitheadh aoibhneas Uladh
[O’Conor Don, 239b]
Mac Con Midhe .i. Concobhar Ruadh
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do caitheadh aoibhnes Uladh
téid gach maith lé a mothughadh
do-chluinim cách ’na da ccuid
mur is gnáth fuighioll formuid.

2 Ní tuigim fesda go bfuil
glóir gan dobrón ’na deghaidh
a sháoghail a-ta mur tá
ní lá áonuigh gach áonlá.

3 D’eis gach cuir dár cuiredh diobh
clann Colla nár chlecht imsniomh
ar seol aoibhinn gí-be bhes
ní sháoilim nach e [a] aimhleas.

4 Gairid do bhí medair mhór [240a]
’ga hiomláoid aca ar ansog
fulang anshogha an eol daibh
a mbeol anora d’faghail.

5 Denuid fesda foghluim guil

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

os é is enobair d'Ulltaibh
terc(h) diobh dan(a) heol an obair
fion is ceol do clechtadair.

6 Nir sháoiledur techt ré a ttrén
clann uaibhreac *Eathoch Doibhlen
nirbh eidir a dherbadh dhaibh
gan bernadh eigin d'fagháil.

7 Fuaradur ni fada ó shoin
éinlen fholchus gach easbaidh
fuil Cholla ní da ccumhaidh
a bfuil orra d'esbhudhuibh.

8 Da measadh gach duine dhíobh
cuid gach einfhin da imsniomh
cía dioph ó ndechuidh Pilib
síol Eachoid ní aithnighid.

9 Bés na túaithe ina ttéid fer
is é dlighter dho dheinem
'ma dula a ccenn ó cColla
cumha dob ferr etorra.

10 Dol a mesg a mairenn diobh
mur tairgim d'éis an uirríogh
fosglaidh mé clár na cumhadh
mo slan gan e d'fosguladh.

11 Gé do fuaraighinn iompo
do mhéd annró mh'aighenta
do-níad do cumann cumhadh
gan íad umam d'fúarugadh.

12 Meinic do fhágbhainn d'uabhar
siol Eachoidh dom ionnfhúaradh
ní d'úabhar do-nim a-nois
bím dom fhuaradh na n-(f)égmhois.

13 Da ttairginn is trúagh an smacht
fedh mo chúarta a crich Connacht
glas do chur ar in ccumhaidh
ní dol as on osnamhaigh.

14 Tuigter gurab deiredh dhamh
an uair islighes *m'osnadh
ní cosmoil gan croidhe tinn
a ngoire an osnaidh ísill.

15 Ní failtighim ré hol bfhledh
lé fíon ní éirigh m'aignedh
más comall e don orcra
ré oram ní hagorrtha.

16 Da madh é m'ádhbur don fhíon
d'faghail furtochta om imsniomh
don fhíon ní haigenta d'ól
díol ar n-aigenta d'iompódh.

17 An fíon fúarus fada ó shin

Roinn na Scéalaíge, Col. na Tríonóide, TCD

ar gualuinn meic Mhég Uidhir
do-gheibh an cridhe a dhíol de
gan fhíon d'ibhe da a éise.

18 Da n-íocainn ar dhenam dér
onóir í Eathach Dóibhlén
gan uaim acht m'acfuinn tuirrsi [240b]
lúach m'altruim ní iocfuinn-si.

19 Glún Pilib an fad do mhair
fuarus ar fedh mo sáoghail
misde dhamh gurb e mh'ionadh
's nach mair sé dar suidhiughadh.

20 Iul Eirionn 's gan é ar mh'aire
fúair meisi is mé a n-énbhaile
do bhi an fhaithche ar ar an sinn
ag car m'aithne fa Eirinn.

21 A-tá an fert a bfuil a-nois
fa chách ag cur ar n-eóluis
a lios gabhail do-gheibhinn
fios talaimh nach taithighinn.

22 Féchain ar in bfhert fa a ffuil
gé a-ta a mhían ar mo menmain
cerd ar leith denamh na ndér
bheith da (a) fhéghan ní fhuiléng.

23 Gibé lá nach leigter me
ar fhert láoich locha hÉirne
fúarus lúagh m'aisdir don fert
a faicsin uam a n-éinfhecht.

24 Begán briatur bhenus ruinn
a ndeghaidh bháis Con cColuinn
a-dubhradh ós cionn na Con
dar liom is congnamh cumadh.

25 Conall Cérnach fa chumhaidh
mur tú trúagh an bharomhoil
tarla a ccás búdh cosmhuil rum
do bhás na Con-soin Conull.

26 Conall is Cú na hÉmhna
gér gar a ngáol geineamhna
is é glún budh goire dhe
rún a ccroidhe 'ga chéile.

27 Nír sháoil éinfher as é a shuim
go mairfedh d'éis Con cCuluinn
do mhéd a chumadh fan cCoin
ég Uladh ina (a) fhochair.

28 Do cuir bás chinn o cColla
gidh mór d'aimsir etorra
fuighle Chonuill ris an cCoin
a ccuimne oruinn d'fhíachuibh.

29 "Da mbeith gan tuirrsi ag techt rum

Roinn na Céltige, Col. na Tríonóide, TCD

a ndeghaidh na Con” ar Conull
“súil ar ógbhoidh na hEmhna
tógbhuidh dhúin ar ndoimeanma.”
30 Táirnig gach rath da raibhe
ar chuigeadh cloinne Rúghruidhe
a mbél na cumhadh do-chúaidh
sén na ccuradh ón Craobhrúaidh.
31 Da ttegmhadh go ttiocf(h)adh neach
timcel Uladh fa eiteach
a égnach ar ccúl ’ga chur
fan cedguth a nDun Dealgan.
32 A-ta in tuirrsi ar nach ttéid faill
dom chosg do comhrádh Conuill
ní tug cead a ndubart damh
beg do chumhacht na cumhadh.
33 Cúis orcra ’na aimsir féin [241a]
Cu Chulainn na ccles n-aigmheil
sé ré a chois gé madh caointi
a-nois ní hé as egcáointi.
34 Da ttegmadh amhorus air
Cu Culainn na ccles ndecair
iomdha eite ar chlu í Chuinn
as ar creidte Cu Culuinn.
35 Tesda Conuill ar in cCoin
a-ta caitreim rén cosmuil
gerr uaim-si go n-oisgél de
ní huaisle oirsgél oile.

181

Do-chiú meirge catha Cuinn
[RIA 703 (23/H/8),.51v]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do-chiú meirg(h)e chatha Cuinn
tosach dho-righneadh romhuinn
is rian lochta feirge faoi
*am meirge corcra ad-chiathaoi.
2 Do-chiú san eirr suaithnidh sroil
clann Cuinn cosmuileas tionoil
’mun ccochoilleirr dhon cloinn-se
’na rochoinnneill rianshoilse.
3 An onchu ceann na ccuradh
as cúis eagla an t-ollmhughadh
feargaghadh do-chiam ’gun ccoin
as deargrabhadh d’fiadh Fhionntoin.
4 Gidh bé bhus baránta dhuid
a-ta ni teibeadh comhruig
ort a réalta mhaoth mheirge

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fraoch deanta na díbhfheirge.
5 Oncú séanta síl Chréidhe
a cholg as cúis aigmhéile
fraoch na coinghleaca ar an ccoin
gaoth oighreadhta dhá n-armoibh.
6 Iocfuid le ní luaghail docht
trí seanchatha slóigh Chonnocht
ar tteachta na ttrí n-oireacht
as deacra í d'ialloigheacht.
7 An céadchath leis an coin sróil
tiocfaid a ttús an tionóil
laoich ó bhFiachrach n-úr n-aighne
fialchath ór nDún Domhnaill-ne.
8 An dara cath as cuairt tinn
ag teachd san comhdháil choitchinn
foireann téighthe na cclach ccuir
cath Bréifne leis an mbratuig.
9 Fuiléanguid as feidhm deacair [52r]
bheith re a cois a ccoinghleacaibh
cumhain le cath O Maine
rath bunaidh na brataighe.
10 O Conchubhair na cciabh lag
fear taisgéalta ar thir námhad
leis an mbréid srolchon séanta
bóchrodh théid do taisgéalta.
11 Do-ní le a choin as cuairt neirt
fiadhach laoi fa Loch Deirgdheirc
creach o bhrú Shionna as da sheilg
an giolla do chrú an Chroibhdheirg.
12 Da fhiadhach ordhruic an dáil
a ruatar a Ros Comáin
tráth a chéidfhiadhaigh le a choin
éigciallaidh cách ar ccúloibh.
13 Tángadar tionól folaigh
clann Uilliam is Albonaigh
'na cheann is cath O Maine
ceann do rath na ríoghraidhe.
14 Ga bhfaicsin is an bfaithche
'na ccipeadhaibh córaighthe
re hucht nGall do fhíoch a fhuil
crioth ar gach ball da bhalluibh.
15 Ni haghuidh thug ar an ttor
do fhéad gan bheith a mbaoghal
téid ar leirg Locha na nÉan
do seilg an chatha ón chaisléan.
16 Ga ttú acht tainig ón troid
nochar iarr comhthrom comhruig
nír chleacht a fhionnachtain air

Roinn na Sean-Leabhar, Col. na Tríonóide, TCD

teacht d'iomarcaidh 'na aghaidh.
17 Gluaisidh thrá Toirrdhealbhach Óg
toisg dhár gríosadh an ghealfhód
gan clódh a chéimeann a ccath
mar smól tré léibeann lasrach.
18 Innioll iombhuailte orra
crithre ag eirge eatorra
fuil re taobhaibh loma lann
tre chraobhaibh corra cathbharr.
19 "As leat-sa bud[h] tugtha troid"
ar an ttriath úr i Fhánoid
"ó comhbháidh Gall na gabhaigh
a Mhongain clann cConchabair."
20 "Lúireach throm is tuadh fhaobhrach
tárthais féin feidhm robhaoghlach
mar gach mac amhais oile
gabhais at na hiorghoile."
21 As í comhairle ar ar chinn
gan fuil a cnis do choigill
do ráidh go madh rogha leis
dáil a fhola tar aithis.
22 An chúis nocha cuirthe a bhfad
do bhris sé ar an sluagh námhad
dob é díbeann a ndála
gan dígheann a ndioghbhála.
23 Ní dheachaigh dia do thoice
duine o dhreagan bhuannoite
don comhaonta a los a lámh
a Ros chlodhaolta Chomán.
24 Tuigim ge táid a leabhraibh
sgéala troda Toirrdhealbhaigh
gur mhó ina a teisd ó a tabhairt
do a ceisd is a contabhairt.
25 Cuid oile d'fhiachaibh na con
tugadh fa turas neartmhor
creach na Bealtaine o Chluain Ca
le sduaigh sheabhcaidhe Shionna.
26 Ni dheachaidh uadha tar ais
gan loighe a leabthaibh othrais
a chreach o Chorca Mhogha
leath a lochta leanmhona.
27 'Na bhuannaighe ar bharraibh gort
do bhí shé ár shluaghaibh Connocht
fa bharr connlaigh gur cuireadh
clann Chonnmhaigh dho cuartuighedh.
28 A talmhuin do tharruing sin [52v]
abhallghort an fhuinn Mhainigh
go lot a lubhghort ccumhra

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do loc(h) umhlocht n-agullmha.
29 Gur chaith a arbhar ’sa fhéar
comhnaighe nír cleas éidtréan
do-rinne a bhfionnMuigh na bhFeart
’sa bhiodhbhuidh ime a n-éineacht.
30 Buain a ngort buing a mbileadh
a nuaill leis do laighdigheadh
Magh Luirg fa cách no gur chuir
níor ghnath ina builg bhaoghuil.
31 Do chreachadh crice O Maine
téid ga toisg budh ághmhaire
a chlo nir iomlán da éis
dho nir iomnár an fhaisneis.
32 Mar dho thuil a thonn uaille
tig d’iomarcaidh anbhuaine
géag shíotha Uisnigh tar ais
ar ccluinsin díotha a dhúthchais.
33 San machaire ar na mhárach
tainig turas éadálach
each san each is bó sa bhoin
do cló as-teach is na tuathuibh.
34 Créad acht cúitioghadh curadh
mar dho fhoir an t-urrdhubhadh
’na cheo teasbaigh a-tá sin
la dho mheabhsain dha muinntir.
35 Níor chubhuidh re a chéibh ndrolaigh
oighre cloinne Conchobhair
a bhfuilngeann d’ulc ’ma onóir
cuibhrean do purt Phártholóin.
36 A-dearam riot as radh cáir
o taoi re hanbhuain dh’fagháil
ar bheathaidh nach damhthair dhuit
na seachain chathraigh Chormuic.
37 Cuibhdhe dhíot a dhearc malla
Éire dh’adhbhar teagmhala
o taoi ag car anbhuaine ort
fa mhagh ccladhuaine cConnocht
38 Na trí Cathail cuimhnigh dhi
an sluagh trom-so an tráth ghluaisfe
cuir ós aird da ttí a tTeamhraigh
na trí Taidhg a Toirrdealbhaig.
39 Ná ceil a tTeamhraigh Dha Thí
teacht romhat don da Ruaidrí
binneisse ar tteacht don teagh
beart na finndeise féinneadh.
40 Da roiche ráth na ccuradh
comhmhaoidh an dá Chonchubhar
na cúig Aodha uair oile

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

smuain a craobha cumhroidhe.

41 Cuimhnigh leat as lór dho gheall
dá Thoirrdhealbhach ad thimcheall
a threas um thulaigh Theamhrach
cubaidh don treas Toirrdhealbhach.

42 Colpa seada is troigh thana
tugais ó Bhrian Bóramha
suaithnidh ann duthchas dála
barr cúlchas mar chamana.

43 Do mhiannach Aodha t'folt fann
's do bhraighe mar bhlath n-abhall
ag soin t'oighreacht o Áine
goirmdhearc fhoil mar amáille.

44 A sheabhaic uasail aille
a léim cluidh na comhrainne
a bhas mar connmhadh um chrodh
a ghlas comhladh na Cruachan.

45 Fa raith cCobhthaigh cuir dho líon
o fuarais faicsin airdríogh
ge madh baoghlach bheithir dhe
a bheithir fhaobhrach Aidhne.

46 A ridire riogh Shacsan
a lot críche comharsan
a chraobh Mughna ar mhéad ttoraidh
a ghéag chumhra ó cConchobhair.

47 Toirrdhealbhach a Teamhraigh Chuinn
Ó Conbhubhair cneas séaghuinn
téid a ndoimhne gráine a gha
oighre Áine agus Aodha. Do-ciú ...

182

Do chlainn Chonnmhail nochar choisgis

[TCD 1363 (H.4.22), The 'Seithfín' Duanaire; recto of scrap of folio between p. 128 and p. 129]

[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]

24 lines of verse in first piece 18 in second

[Both pieces part of a *caithréim*, the second one to a Cathal; same Cathal as in poem *Sguirim do chrannchur Chathail* which is on page 128?]

Do chlainn Chonnmail nochar choisgis
dot fhoglaib go hUltaib
do fhagbuis Emainn gan oigir
[ar?] cédbarr in chumaisc.
Do la a ngleo in Chairn nocha chosmail
sbairn budh teo go tucuis
hi Chinn Chnama at-chiam gur chrechais
dana triall in turuis.
Troid in tsluaig Burcaig do blogais

Roinn na Gaeilge, C.O.L. na Tríonóide, TCD

do chúracht a curaid
bratach Emain gona hoirecht (?)
as an trensbairn tucais.
Ar Dun na Mona do mescais
nirb ona in tús turais
ni raib acht fuigli h'airm agaib
maidm a Tuilsce tucais.
Do hairgedh Gleann o an-iair (?) agaib (?)
derg ad diaid a dubchnuic
cuairt nach raibi 'na cuairt chorraig
co baili h[ua] Ruairc rucais.
Fas a choilled? mur do chrechais
ni croidther do chumaisg
do bi ag cloinn Donnchaid a desgad (?)
do comtroid 'sa curaid
oigri Dubgaill gruamda a nglas(as)aib
at-chuala 'na cumaidh.

[TCD 1363 (Seithfín), verso of scrap of folio between 128 and 129]

Rainig let dobo toisc tapaid
'sa chrech rea choi[sg?]chugaib
fa Baili [in Mh]ú(a)ta co menic
caidhe in ruta rugais.
Cia dib nachar hiarrad agaib
tir Fhiachrach go hursain
do sheol tre Luigni nir legais
eól ar chuimni in chumaisc.
Tar boing re bar sbairn do sbregais
in Coill aird san ursain
da mbeth nech dot agra at fholtaib
beag nach agra ar Ultaib.
Dol dh'aream do chreach a Chathail
ceadh nach caineadh cummuisg
sealb 'na fhad mur h'athair agaib
lam agaib 'na huchtaig
a slan fa dhith duitt 'na degaid
do thuit an chrich chugaib. Do thuit ...

183

Do féachadh fulang Gaoidheal
[O'Conor Don, 253a]
In fer cédna [Eochaidh Ó hEoghusa]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do féchadh fulang Gáoidheal
beg dhíobh nár dhamh diosgáoileadh
gur fóighredh crúaidh a ccogadh

Roinn na Scéilge, Col. na Tríonóide, TCD

tóirnedh úaidh níor fháomhattur.

2 Do t(h)óirnid menma a mhac máoth
do fromhuid fedhma a bfiorláoch
do f(h)illedh algas gach fir
rángas grinniol an ghaisgidh.

3 Do t(h)ochluid a ttáoibh shenga
ó chognam cholg ndrithlenda
do sní fíodhbadh cinnderg crann
fíoghradh geilldherg a ngúalann.

4 Do dergoid renna a rosg ccorr
lé teirce súain a sáorchlann
do gorm snúadhbhaine a sles nglan
lé tes fúarmhaille n-áosmur.

5 Do máoluid loinne a láth nglíadh
do dergoid dóide a ríghníadh
do g(h)oirid gidh grúaidhe a lann
do snoidhid crúaidhe a ccathbharr.

6 Ni dhechaidh ga ttamuid ris
tuir catha na cenn flaithis
na neach dhiobh da ísle d'f[h]uil
fán ccrich-si nÍr gan fhéghain.

7 O chath Echtronn ré hathaidh [253b]
fúair fine Chuinn Chédchathaigh
d'ulc téchtmhoighe na ttrí bfer
ní nach (bf)édfaidhe d'áiremh.

8 A-táid ina tturthaibh glíadh
'ga sníomh ré sealad n-imchían
tar cenn slúaghfhairche bfer bFáil
gan tseal n(-f)úaraighthe d'fhágáil.

9 Maith an t-am do éirig sin
Cú Connocht óg Mhág Uidhir
ré bél snithe slóigh Gháoidheal
frithe is cóir do commáoidhemh.

10 Aithbheó[gh]adh Gáoidheal ghuirt Bregh
cabhair rér córa feitheamh
sníomh beóchroidhe bedg ós rinn
serg a heolchuire d'Éirinn.

11 Coiméd cághais in ratha
táirseac glíadh ghuirt fionnMhacha
grís bheó fan(a) hedoigh Emhuin
féghoin gleó ré nGáoidhealaibh.

12 Buinne rabharta a rinn ghlíadh
torchor ratha fer nOirghiall
snoidhe dornchla dergadh renn
beogadh ré horcra nÉirend.

13 'Na am féin ro-s fiuch a nimh
airdrigh manchach Mag Uidhir
re bél toirinnte tinn cáigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ré linn coimhfhillte gconáigh.

14 Fan túairim a ttáinig sin
d'furtacht Gháoidhiol guirt Fhionntain
tig Lugh lé fíorrún bforráin
a brugh mionúr Manannáin.

15 A riocht a mheic samhla so
tig Conn a cCruachain Mhéadhbha
d'aithle a broide ar báidh Temra
a laimh oide a oilemhna.

16 Mar an ccédna a ccruth a fhir
tig Cormac mac Airt Éinfhir
da riacht tealuigh na dtri ríogh
gur dhealaigh í ré himsníomh.

17 Mag Uidir fhuilnges dhocra
ar n-eirge a háois macdhachta
do sgáoil ces glóire Gáoidheal
bhes is cóire a comhmáoidhemh.

18 A bfúairsiod d'ulc ní díth dáibh
go breith orra d'úa Se[a]áin
gár thocht do térma a ccogadh
térna gach olc fúaradur.

19 As e a bfúaradur d'olcuibh
as foircenn da n-anocroibh
d'éis a benta as beó an chogail
'ma decra is teó tárthattur.

20 Do-bheir d'ógbaidh fhuinn Laghaidh
úain caithmhe ced cómhsanadh
ré fhada (f)úaraighthe a n-each
aga cruadhbhairrthe a ccráoiseach.

21 At-a a ccumus a ccuradh
fuireac ré fleidh d'alltughadh
sgáoiledh sluaigh toirrchim a dtigh [254a]
gan oirchill ar úair n-éigin.

22 Gan derbhadh (a) ríogh a rinn glíadh
gan féchain fuloing oigniadh
gan sniom feindedh ré feidm n-áigh
gan sgeinm ré héigen n-anbháil.

23 Ga sedh do shliocht Gáoidhil Glais
ríghnes loige ar lucht otrais
gan gáoinedh do grúaidhibh cnedh
suainim cháoilshleg gan chóirgedh.

24 Nír sechmhoidh d'fuil nGaoidheal nGrég
an fuaradh-sa mac Mairgreg
do tuil mur thonna an anfa[i]dh
an mhuir orra d'allmur(a)chaibh.

25 Do legadh leis an lan siúil
fuair lé menmoin fer n-ainiúil
dob é [am?] a ndénmha dhó

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bann da n-érma d’iompódh.[s]

26 Fa crich Bhanbha an brúaigh róid(h)shin
dála an éigne urchóidigh
do-ní ag coimdréim ré cath nGall
rath gan oilbheim ní anann.

27 Cinél dh’éignibh na haithfe
na dúile ó dtá an tuirchuirthi
giodh máighremhail a méid sin
téid ar airghenoibh úaisdibh.

28 Téid tar gach éndhuil ele
da snamh fan sreibh muiridhe
terc bríogh mur neimhbriogh a nirt
ríomh a feidmgniom dob eimhilt.

29 Fosdaigh an long fa lán seóil
sa tuinn anfoidh da haimhdheóin
ar mbeith ar a bháoithleim rod
nach roich áoinchéim da hionad.

30 Saithidh a slios na loinge
renna ingnedh n-íaranda
ré grían an ghlasmhara ghloin
go n-íadh asnadha an ártraigh.

31 Ní bhí ag loing da ngabhann greim
ar n-aithne an éigne foirtill
le dtáir d’urgrain is d’omhan
daigh a bfagbháil fhúasgaluig.

32 As í an long thornus fá a tenn
na Goill-si ag asgnámh Eirenn
bac a heidtreisi do fhéd
an t-éigne-si mac Mairgrég.

33 Do-bheir coingidh an chóigidh
bann an éigne urchóidigh
ar cor ré coimhréim a dtinn
Lugh ina coimréim d’Éirinn.

34 Do chuir ar Ghalloibh guirt Fhloinn
snaidm geill a ngeimiol cumhaing
glas téigle ar senmfhogur sáil
érnughadh éigne ar édtráigh.

35 Do leig lé láochruidh bfuinigh
bann loinge ag léim d’angcuiribh
nó rioth menma geill íar nglas [254b]
nó reim ealbha ar a heólus.

36 Móide is máoidhte a Mhég Uidhir
sgís ógbhadh fhuinn ríoFhuinidh
a-nú is fabhairsi gach olc
ód chobhair-si a Chú Connocht.

37 As í a hanbhúain bur n-imnedh
críoch Chuinn na ccúan léibhionngheal
bídh dícheal is usa ann

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

snidhter thusa ’na tiomchall.
38 Duit is úalach a hoire
ort is orchra a heólchuire
an ghéginnsi fár ghlé Lugh
as é a heigin-si th’úamhan.
39 A n-aghaidh a raibhe ríamh
do sháoirsi ag ógbaidh Oirghiall
tair a sáoirsine re seal
dáoirsine dháibh a dheiredh.
40 An dream nach tigedh o a ttigh
d’fios Gaoidhil re gairmslúaighaib[h]
dáoine dán nemhghoire a-niugh
earnoile sáoire a shinnsear.
41 Tú fa dera a ndénuid(h) soin
ort is máoidte a Mhég Uidhir
barr oire a fódmhoigh na Niall
do loighe ar ógbaidh Oirghiall.
42 Iongnadh duit-si mur dheala
a ccuire a ccionn oighedha
d’aicme caomhCholla chláir Airt
’s dáorchlanna cáigh da ccoguilt.
43 Mall dóibh go ndeachaidh at ucht
fúasgladh cháigh a Chú Connocht
do sgáoil geimhiol ghuirt Bhanbha
deiredh uilc na hathardha. Do ...

184

Do ghabh Éire a huain cumhadh
[O’Conor Don, 337a]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Do ghabh Éire a húain cumhadh
do fúair an fhéile a hoighedh
búaine iná gach brat cumhadh
dubadh slat úaine a hoirer.
2 Gion go bfuil cráobh nach ccríonann
no taobh ar moigh nó ar morfhonn
dó-connarc seal fhonn Éirionn
fa léighionn ngeal choll ccnódhonn.
3 Do mheth toradh a thíre
ga cleth nach folamh fuinne
fá-ríor do-chúaidh fa chéile
Éire an úair fa díon duinne.
4 Ni bhí fas da ló ar lenamh
nocha mó fás na bfiledh
do-bheir écc íarla Uladh
dubadh gég blíadhna is biledh.
5 Sir Risdeard na sógh sídhe

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do dhubh a dhol n[a] dúile
caithfed síodh is clann Créidhe
barr Éile fa dion dúine.

6 Níor airg cill níor creach neimhedh
níor mhill nech nár nech cionadh
terc ar nach bí a bhrat cumhadh
pudur lat í in gach ionadh.

7 Ní hiongnadh ar mhuigh Múaidhe
fiodhradh guil in gach gáire
do-ní an bhen a mBáoi Bheirre
cáoi re chéile um fher nÁine.

8 Bás Risdeird tug ar talmhoin
mar rug a ttuc do toinnmhil
bráon tre chúan fhúar an Orbaigh
ar tonngoil cáor nfhúar n-óigridh.

9 Gáoth ag cur fhairrge ós fhiodhbaidh
'san fairrge ag dul 'na dóighridh
reódh ag uaim an breic bhaillghil
re leic sháidhbhir fhúair n-óighridh.

10 Ealta ní len do lionnmhuir
snechta geal in gac gormmhuigh
fuacht an fheóir a n-am shamhraidh
eóin a ngabhlaibh chrann congmuidh.

11 Do bhaidh muir airde an oirir
ar fhairrgi do dhluigh dumhaidh
d'egla an chúain tré fher nEnaidh
berair tegh túair ar tulaigh.

12 Mo croidhe do cráidh cumha
bile cláir ro ba cara
mo roscc 'na linn fhúair fhola
ar ndola ó úaidh chinn Chabha.

13 Ni terc ag dail dheór ffíre
ag mnáibh le ceol 'ga cháoine
abhra cháomh tre chleith Múaidhe
bráon úaine a ccleith na craoibhe.

14 Coill fa bhláth bíaidh fa Shamhuin
do chách a ndíaigh an deighfhir
do-chiam an cnúas ó n-uraidh
thúas tré churaidh fíal Feimhin.

15 Trúagh mo ghlór re gribh nUmhuill
a chlódh ón tír a ttreabhuim
béin réd lios gion go lamhuim
gabhuim a ccéin d'fhios t'fheruinn.

16 Techt úaidh ní fhaghuim d'uighe
an uair ghabhuim ad ghoire
sechnuim fíadh mín Ó Maine
don bhaile a mbín[n] ríamh roimhe.

17 A-dér re gribh shéimh Shiúire

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do thír féin go bfóire[s]
tug do dhul a bharr Beirre [337b]
Gall ’na chéile a mBrugh Boinne.
18 Íoc ar bfledh mór gan mhine
bron seal is seal ar buile
íoc um leabaidh úair oile
luighe ar úaigh dreagain Duibhe.
19 Ma do fuair me muirn romhóir
fa chuirm is é dom fhoráil
do thuirrsi um sdúaigh sheing sholáin
onáir linn a úaidh d’fhaghail.
20 Táidhbhsí trúagh a Dhé dhamh-sa
& é go luath lem-sa
ní bhi nech a-ráon riom-sa
dar liom-sa acht cleth sháor Sheghsa.
21 Táobh ré nech nach nech cumhadh
da mbeith rem tháobh ni thiobhar
ní fhanann mé um fher nAghar
tegh falamh rob é m’ionadh.
22 Caidhe an mhuirn mór gan mhine
caidhe an cuirm far chóir suidhe
nó an slógh do bíodh ’na bhaile
caidhe an fíon nó an t-ór uile.
23 Caidhe an cead sgíath gan sgaradh
caidhe tríath na ccéd ccuradh
caidhe sdéd geal ar ngroidhedh
nó an ced cloidhemh fher nUladh.
24 Caidhe na greadha gorma
nó flegha moighe Méadhbha
níor cuir brigh san ór iomdha
diomdha ar shlógh dhíbh ní dérna.
25 Rucc gach ioth tucc don talamh
achd a ttug do chioth chumhadh
téid a mbliadna dhó an domhan
mó an robadh íarla Uladh.
26 Rug gach ní mhar *Nell Chaille
mó an sgél an rí do-rinne
giodh do-dhech *crádh na cruinne
is truime dhamh cleth Chime.
27 Téid úain gach síodh dar siredh
fa-ríor do-chúaidh fer Uladh[ra]
ón ló tesda cleth Charadh
gabadh nech fesda a ffoghal.
28 Donnaidh deór dubaidh croide
ré ceól fa churaidh nEine
ó shúgh derc sáor ag snighe
gile an táobh fa fhert eile.
29 Gan dul d’ég is ég bunaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

’s nach bféd ar ccur do chabhair
móide an béd é da fhilidh
siridh sé ég ’s ní fhaghaibh.
30 Gidh fás a-nocht tegh Temra
trena thocht go fer Fionnla
an brugh a mbíodh barr Banbha
damna ríogh ann dob iomdha.
31 Mac Sir Bháitér bráth eile
nach áitébh go brath baile
ós e is treabh do thuir Line
tegh nimhe fhuil ar mh’aire.
32 Mo derc ’na dhíaigh ’na dubhfhuil
bíaidh ag techd da gach tealaigh
deór ag reódh as í ar mh’aghaidh
raghaidh deór dhí ’na dheghaidh.
33 Sir Risdeard nach frith fala
a dhith ro dhíth a fhledha
má théid ar ceal a chumha
dula um ghéig nDen fa-dera. Do ...

185

Do-ghéan craobhsgaoileadh chlann gColla
[RIA 785 (23/G/8), 103]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Do-dhén craobsgaoile[adh] chlann gColla
a cerd féin do duine is dual
beanfad ciaigh do chách da gcoibhnes
bia[idh] go brath gan fhoilches uaim.
2 Cerd is uaisle ord [an] f[h]ile[adh]
iúl dírech o dhre[i]m go dre[i]m
dhúinn as cóir a *gcaibhres fala
d’ainbhfhes cháich gabhthar gr[e]im.[s]
3 Clann oirbheartach Eochuidh Dui[bh]léin
dlíghther dhinne dul da n-iúl
trí leomhuin bloghtha gach bearna
d’feoilfhuil tholcha *Teamhruidh an triur.
4 Fa híad a *n-anama a ttosach
ó thús ag tuiremh an trír
triúr fuinedhach nar fhaomh aoinfhell
C[a]oireall Aodh Muiredhach mín.
5 *Fainic er ainim íad da aithle
an ógbhuidh dob oirdheirc gníomh
baister an t-ainm orra uile
gairm Colla ar gach duine díobh.
6 Mathair na gColla(dh) as cóir d’iomra[dh]
inghen airdrigh Alban fhéil
mor ghair(i)m d’oinech is d’uaisle

Royal Irish Academy, Corpus Trionóide, TCD

Oileach an t-ain(i)m fuair-si féin.
7 [Tig] Oileach go hinnbhear Colpa
*cuiredh futha ferann gar
idir mín oirir is oirshlíabh
tír chloidhimh an gormfhiadh *geal.
8 Colla Da Chríoch nar chruaidh n-oinigh
anas ainsein san fhonn ghnáth
go bhfhuil go fóill frémha [a] aicme
'na séala choir cairte ag cách.
9 Deaghshliocht Cholla Da Chrioch ched(h)na
cosna[mh] a gclú do chleacht síad
siol Uidhir n[ach]ar ér iomghuin
frém duiligh a n-iarghoil^{r} íad.
10 Mág Mathghamhna mór ré airemh
ar íadh aithghiall nír fhan sé
ar shliocht Cholla Dá Chríoch coimhreidh
urra ar nach *bfert oilbhéim [é].
11 Mor gcogtha is formad fiochta
fuair síol *gCealla fa gcríoch réidh
*Ibh Maine gi mín a dutha[i]dh
go raibhe an tír futha[ibh] féin.
12 Sliocht Cholla Uais ar fud Éirenn
d'eis gach comhlainn dar chu[i]r síad
fághbhuid ríghshligh[th]e a n-íath oile
clíath mínighthe anóir^{r} íad.
13 Colla Uais dob airdri(gh) ar Éirinn
d'aimdheoin cháich nír cheil an stair
ceithre blíadhna os gort na nGaoidhiol
gan locht ríaghla ag aoinfher air.
14 Colla mBeann gér mhór an esbhuidh
is uatha oighre 'ga shíol
go bhfhuil a bhfert ag cloinn Cholla
as roinn cert don rolla ríogh.
15 Slogh líonmhar(a) an chlann-sin Colla
clann nDamhnuil thes is thuaidh
idir Alba[i]n(n) is f[h]onn Eirenn
drong d'árdfhuil na gceimenn gcruaidh.
16 Clann Domhnuill Guirm na long luchtmhar
lorg oile ní huaisle craobh
as do fhremh Cholla don chlann-sin
beim orra níor f[h]oillsi[gh] áon.
17 Clann nDamhnuill ó Cnoc (na) an Cluithe
cath fiochmhar 'narb ferr an fhían
decair buain a mbeirn da bhfille
cruaidh a bhfheidhm a ngrinnell glíath.
18 D'fuil Colla Da Chríoch go háirmhech
aicme Ó nAnlúain leath ar leath
an rolla is léar ann gach leabhar

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

le fremh Colla bear(th)ar breth.

19 An fhiorfuil chrodha Clann Heachtuin
is on gColla gcedna [a] shiol[r]
(i)s Mac Aodhagain na gcorn gcrosach
(i)s O Madhag(h)ain an flaith fíal.

20 Clann nDamhnuill Laighen lorg fíre [104]
fulang ainbhre(i)th ní heól daibh
a gcoga[dh] ní dóigh an drong-sin
moga(i)l sloigh a [.....] áith.

21 An Chlann Domhnuill-sin chlair Connacht
coimes riu-san ga mo mairg
an ghasruidh(e) shluaigh do chrú Colla
do-chuaigh a gclú orra os aird.

22 Clann nDubhghaill tosach gach troda
don treibh ched(h)na don chaoir shlua[i]gh
cuid da nós deibeadh co doghraing
deiredh (i)s tosach comhlainn cruaidh.

23 Gabham a-rís an ráon cedna
go Cloinn nDomhnuill nar chlaon cóir
raon fiorghlan liom inn gach líne
*rioghruidhe [na] n-eang side(dh) sróil

24 Clann Alasdrain mhic Eoin oirdheirc
Eo[i]n Cathanach ór chin síad
fir nar íar a gcrodh do chongbhail
re ríar scol dob órla[i]mh íad.

25 Giolla Easbuig fa hard menma
ba mór gach foirm da bhfuair se
Semus fuair geall ó gach ollamh
cenn slua[i]gh do gach aoinfher é.

26 Aonghus doba n-uaibhrech n-aigne
Alasdrann Colla cliath gháidh
Domhnall Gorm don daimh fa dhuasaibh
gair a chorn a gcluasaibh caich.

27 Somhairle a ndeghuidh na ndeghfer
ar dháil gconaidh nir chuir glas
lamh dob fherr buaidh is bronnadh
fuair geall o gach ollamh as.

28 Tarla [a]-nois a n-ait a athar
oighre dilis do dheóin Dé
'na seilbh féin do-chuaidh a gcedoir
an céim fúair ní heagcóir é.

29 Raghnall cennbhile Clann nDamnuill
díon a thíre tairgidh se
terc da chomhaidh clú da mhaicne
cnu(th) mullaigh a aicme é.

30 Dorus báis ré béula cogaidh
coimhed siothchana sur Ghall[r]
triath da gcreidid Goill is Gaoidhil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

léigid cuing gach aoinfher *air.

31 Denadh comhairle chlíar Mumhan
aois foirfe nach fionnfa gó
mac Somhairle nach doigh deabhuidh
comhairle chóir dlíghther dó.

32 Na tuille[adh] se diomdha an Duilea[i]mh
doigh gach céim da chruth fhíall
maittim fa log(ar)forus f[h]latha
mordhorus ratha a ríar.

33 Clann nDomhnuill a ndiaigh a cheile
ar chur gclú do chuirfedh cairt
rioghdhealba nar chlodh a gcatha[ibh]
pór fhinemhna *eachach Airt.

34 Ní airim a nós a-nallain
a-nois féin as follus so
[a]-tá an clú tar chách ’na dheaghuidh
r(i)ú go brath ni deaghail dó.

186

Do-ghéan seanchus ar fhuil Fhiachaidh
[RIA 540 (C/iv/1), 168v]
Muiris mac Briain óig Uí Máoilchonaire cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Do-dhén senchus ar fhuil Fhíachaidh
aicme do fhás ó fhuil ríogh
leannáin Banbha da ttrágh tuile
calma a n-ágh gach duine dhíobh.

2 Gach ar fhás ó fhíonfhuil Fhiachaid[h]
aithne dhamh-sa a senchus soin
slata réidhe go ró n-anma
a ccló a chéile tarla a ttoil.

3 Do-gébhthar úaim ni hiúl seachráin
sencas na ríogh ó Ros Cré
fir tréna nar dhóigh i ndeabaid[h]
sgéla an tslóigh ó thealaig[h] Thé.

4 Ughdoir eoluis chriche *Cobhtaibh
clann Uí Máoil Conaire ó Chlúain
dóibh rob fes gach neach don Niallfhuil
sa leath thes ’sna tríanuibh thúaidh.

5 A-tá liom ar lorg na sinsear
seanchus shleachta Fhiachaidh fhéil
dhamh as dúal bud-dhecht a ccaomhna
cert na slúagh as maordha méin.

6 An cédghlún as oirches d’áireamh
Uillíam Ó Máoil Mhúaidhe gan oils
do gradhaig me an curaid[h] calma
ré thuraid[h] da ttarla ar ttoil.

Royal Irish Academy, Col. in Ríonóide, TCD

7 An daro glún úaithne amhra [169r]
athair Uillíaim fa glan gne
áoinfer dár chóra geall gaisgidh
fa crodha an cenn aistir é.

8 Athair Úaithne na n-arm liomhtha
Laoigseach fa láochdha go hég
plannda d'fuil Gaoidheal na ngormlann
tuir re maoidheamh comhlann chéd.

9 Toirrdhealbac mac Taidhg nar tubadh
tríath Fher gCeall bérad go á bhun
mac Muircheartaig Óig féil amhra
fa róid do chléir Bhanbha a bhrugh.

10 Mic Fearghail flaith mór na Mide
meic Donnchaidh nar dhiúlt do dháimh
láoich nar thuirsioch gcen an chineadh
Uisneach Bhreagh do dligeadh dháibh.

11 Athair Dhonnchaidh na ccrann ccorcra
cóir a iomrádh in gach úair
Toirrdhealbac[h] fa tríath ar thríathaibh
íath goirmiúbhrach Fhiachaid[h] fúair.

12 Colín mac Aodha Óig áluinn
athair Toirrdhealbaig[h] fuair fonn
mac Aodha Móir[r] Muighe Rathan
cuire ríogh[r] na ttachar ttrom.

13 Athair Aodha Móir fúair flaithes
Fergal fa hárdfhlaith an fhuinn
mac Fionnghuine fúair na fríthe
sdúaigh fionnmhuighe chriche Cuinn.

14 Meic Floinn meic Cathaoir nár cáineadh
curaidh fa treisi in gach tír
meic Taidhg meic Domhnaill díol toile
ag díon ghormfhuinn toighe an trír.

15 Dondcad mac Máoil Mhúaidh meic Buadhaig
na mbreath ndíreach nar dhíon locht
fa chosmail don fhéin a n-iorghail
gasruidh réidh nar biodhbaid bocht.

16 Meic Máoil Mhúaidh meic Lorcáin Loingsigh
laochruidh fhíal fa trén ar thóir
meic Donncaidh fa díon a ndeabaid
fion conchair go medhair mhóir.

17 Meic Maoil Mhúaidh 'gun Múaidh do hoileadh
ag ua bFíachrach flaith an fhuinn
fer or slonnadh an slúagh síthe
lér bronadh búar chríche Cuinn.

18 Duineachair ni dúal a dhermad
dregan áigh go menmain mhir
fa cráobh chnúais don chléir fa rodhóigh
gúais dréim re honóir an fhir.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

19 Athair Dhuineachair fúair áireamh
iomdha cath ar chách do bhris
molad[h] d'Anmchaidh é san am-sa
ni rannfaidh me an rann-sa ris.

20 Mac Duineachair oirrderc oile
oighre Broin le mbeirti búaidh
laochruidh mur thuile in gach tachar
laochraid Mhuighe Rathan rúaidh.

21 Donn Cathaoir ó chathaibh iomdha [169v]
ainm an áirsigh nar ob glíaidh
rug búaidh ar gac cloinn go cálma
go bfuair roinn do Bhanbha Bhríain.

22 An cédghlún do fhás ó Fhíachaidh
Eochaid[h] Fionn ga bern nar bhris
ar neart lann fa leth da fhine
gan neach ann ag righe ris.

23 Gach flaith fhíre da bfúair cennus
a ccrích Fhiachaid na bfiodh bfíar
ag sin íad gan léim tar líne
síad ag dréim re righe ríamh.

24 An tan fuaradar íath Uisnig
aicme chrodha nar chan brég
síol Múaidh fa tréinfhir an tan-soin
slúagh nar éiligh gasraid Ghrég.

25 Cia don fhuil-sin Fhiachaid airmgheir
nach bfúair flaithes fath gan bhréig
go mac Úaithne na sleagh síthe
Uaithne cean gach tíre í ttéid.

26 Ionann d'airrgibh is d'fuil iad-séin
is oighre Úaithne a n-am óil
cosnuigh a chert mur a chinedh
cosmail nert is dligeadh dhóibh.

27 Fuil Fiachaid is Eochaid Doimlén
an da fhíonfhuil ór fhás sé
fios a senchais linn a leabraibh
nemhthais grinn do mheabraigh mé.

28 Do len Uilliam d'úaisle is d'oirbhert
airdhena fola Néill náir
léir san sáoirfer as séimh aigneadh
méin Gaoidheal tar caidremh cáigh.

29 Fúair on Trionóid togha dealbha
's daonnacht do dhénamh da thoil
tug féile & fos a labhra
Ére do chlos anma air.

30 Ar onoir ar dheilbh ar daonnacht
as doirbh d'áoinfhear breth a bharr
searc na cléire clúain na n-áoidheadh
céile shlúaigh Gaoideal is Gall.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

31 Gach rí gach flaith ór fhás Uilliam
tar an úaisle fa íath Bregh
le maith tainic tós a fhlatha
rainic nós gach flatha an fer.

32 Deaghmac Uaithne nar thuill toibhéim
tarraidh d'oighreacht fhine Néill
nach terc fíon ag féin á bhrogha
a ghníomh féin da chora a ccéill.

33 Gnáth iad [i]na fhíonnbhrugh fairsing
d'aithle a bfogra ó thrén go tren
síad da ríar fa mhuirn gan mhaoidheamh
clíar fa chuirm ag sgaoilead sgél.

34 Lúath ar ógbhaidh a dhuin dathghloin
ag dáil chorma ar chlannaibh súadh
giodh iomdha clíar go géig nGáoidheal
ni léig gan ríar áoinfher úaidh.

35 Teagusg as ferr fúair a bhiodhbhoidh [170r]
gan búain uime ar úathadh slóigh
do láoch Rathan na sleagh sénta
fedh tachor nír dhénta dóigh.

36 Searc Uilliaim bhíos aga bhiodhbaid
beithir Cruacháin nar chan gó
an ré lán as ferr fa bfuighe
gradh leam mur gach duine dhó. Do-dhén...

37 B(h)íaidh 'na chédghlún oirderc áirimh
Úaithne Óg do dheghtoil Dé
a ndeóidh gach áoin da réim reimhe
bud léir í láoidh eile é.

38 Banfhlaith Bhreathnach d'fuil na hÉirionn
ag Úa Laoigsigh na lann sen
toibhéim dhá taobh nocha ttarla
craobh roiréidh ó Bhanbha an ben.

39 D'fionfhuil áirdrigh chriche Cobhthaigh
an chraobh toraid as mór mes
rug búaidh in gach áird ar fhéile
ni mairg fúair mur cheile a cnes.

40 Cenn síothchána ingen Uilliaim
airrdhe na mná do mhes mé
mín ré cléir 's as cenn do bhochtoibh
ar léir lem do lochtaibh lé.

41 A maith féin ní maoidenn Mairgrég
da mhed dháilius is dúal dí
an chráobh fhíal gan seadh sa saoghal
do len clíar 'na haonar í. Do-den ...

Roinn na Gaeilge, Coll. na Tríonóide, TCD

Peadar O Máoil Conaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do horadh ainm an einigh
do sgáoil glas a ghéirgheimhil
do thríathaigh ’s na róid a reabh
fa íathaibh na ccóig ccóigeadh.

2 Gé tá sé ré seal gan suim
eineach oirrdheirc chláir Chríomhthuinn
fá oiréd go sáobh mar sin
gan doimhéd ag aon d’úaislibh.

3 Do sháoil trá ceann a cceann[s]
eineach úaisleadh fhuinn Eireann
a bhláth gur guineadh sa ghart
’s go bráth nach bhfuigheadh furtacht.

4 A-tá sé meallta ’na mheas
an t-eineach d’iúl na n-écceas
ré háoinfhear gan ghleó ré ngoil
do sgáoileadh ceó da cumhaidh.

5 As (gél s)é do sgáoil sgél gan tlás
deaghúa súaithnidh Sior Lúcás
an tréinearr as tais gan tocht
géibhionn a ghlais da fhurtacht.[a]

6 Oighre Ribird an rúin ghrinn
Teabóid Díolmhain dreach inghill
a réim ’s gach romhagh do leath
séigh lér hóradh an t-eineach.

7 A-táid ríamh díaidh a ndíaidh[s]
Díolmhainigh nár ob airmghlíaidh
deighfhir as glórmhur ’s gach gleann
ag móradh einigh Éireann.

8 Connmhaigh Teabóid súas mar sin
mar gach aithir dá aithribh
in gach dú tilidh go te
clú a einigh ’s a úaisle.

9 As é céiddeoch fúair go fíor
millsén einigh gan imshníomh
dár oirrdhearcleath ainm an óig
an phailm thoirbhiortach Theabóid.

10 Fúair go dearbh ó Dhía na ndúl
tiodhlaicthe tra mur fhortún
dá ghnúis ní gúaisnimh an grádh
cúis do úaisligh a iomrádh.

11 Don tiodhlaicthe tugadh dho
árdchrann toraidh chnó ccumhra
a cheartghlár gur thé ’s gach teagh
searcghrádh Dé & daoineadh.

12 Búaidh tola is tuigse feasa

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

búaidh innteachta is aitheasa
[i]s búaidh áirdghnimh ar an fhior
fúair ó Áirdrígh na n-aingiol.
13 Gach búaidh ré n-árdaighthear óig
tug an Tríonóid do Theabóid
an frosghlan do ghigil ó ghuth[s]
eidir chosnamh is chúmhdach.
14 As ionann bhós bhíd 'na thigh
as gach áird dona háirdibh
[u]mun drithle óir as earrghna
sirthe slóigh go hinfheadhma.[a]
15 Lionmur fós ar lár a lis
drong líomhtha do lucht áinis
gan teagmhais gan bháos bhearta
eaglais as áos oireachta.
16 Coimhionann bíadhtar 'na bhrugh
Teabóid dúasaclach Díolmhan
gach am gan omhan 's gach cruth
an dall bodhar 's a[n] bacach.
17 Láoch foirbhthe ré freasdal dámh
Teabóid as aidbhseach iomrádh
's a ngach (?) cúis díleas a dhál
túis gan mímheas an macámh.
18 Flaith chosnas clú na córa [35b]
árdaightheoir na honóra
an gleóghal rinncheart a réim
leómhan ar inntleacht eiséin.
19 Do sgaith an leómhan go léir
tar ainmhinntibh gach óiléin
a ngach dú gan ceilt dá chor
ar chlú neirt is ar nósbhladh.
20 An leómhan léidmheach gan on
nír umhlaigh d'áon ar dhomhan
a ngart[r] is a ngníomh mar so
acht do mhac[r] ríogh nó ríoghna.
21 Annamh fós aitheantar air
fearg an leómhain go lonnghail
's a reacht gíodh léir is gach log
acht (?) ré(i) teach[t] tréin a námhad.
22 An tan theagaid a náimhde
ar mhagh álainn easoirgne[r]
an lá-soin ní díon da ndol
fásaidh a bhrígh 's a bhorrfadh.
23 Búailidh ainnséin go docrach[a]
dhá earbhall ubhallchnapach
a cholann gan cealg 'na ghar
go ngabhann fearg is fúasmadh.
24 *Ionnsaigheas íad dá aithle

Roinn na Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

do-ní colla ciorrbhaithe
gan suim ágha ag an fhéinnidh
san droing dhána dhithchéillidh.
25 An drung chlisde nach *cíallach
corraidhid don chéidíarraidh
dá ttaighleóir gach tan mar so
d'aimhdheóin a ccur catha.[s]
26 Do-níd síothcháin druim ar dhruim
an leómhan 's a lucht cumainn
gíodh gníomh docair a dhála
go mbíonn socair síthchánta.
27 Eisean an leómhan gan locht
Teabóid búidh beó na cConnacht
do sgaith an léamhan[r] go [.....]
ar mhaith ar mhéin 's ar mhúnadh.
28 As íad an dírim dhoilig[r]
lucht égcóra as aindlighidh
's mar chluinid a chomhradh gle
sguirid da bfhorlán [.....].
29 Breithiomh isligeas olca
Teabóid 's a n-áos annsmachta
ar loingseóir go mían molta
doirseóir dían na dáonnachta.
30 Deaghmhac Róisi an ríoghrúin ghloin
Día dhá dhídean ar dholaidh
órchall gach forais an fer
lóchrann soluis na sinnsior.
31 A-tá gan lot san óg úr
árdgháol íarladh is bárún
go soiléir gan lúagh iar locht
coilén do chúan na mbeannacht.
32 Gombadh hoighre síor gach seal
Teabóid ar íath a aithreadh
láoch raith as díre mar so
flaith as míne 's as mórdha. Do hóradh ...
33 Do char Teabóid trá mur sin [40a]
bean lé hóradh an einigh
mar ríoghain chnúasaigh gan chol
*d'fhiurfhuil úasail na Sagsan.
34 Inghion Sior Hannráoi cruth cáomh
gég mhóras meas na macaomh
a tréighe cosnaidh 's a cáil
cosmhuil 's a céile conáigh.
35 Maith a meas 's *ar m(h)órdha a méin
Muire Thalbóid tháoibhréidh
a lúagh san am-sa ní lag
dhamh-sa ní dúal a dearmad.
36 Féile úr inntleacht ghlan ghlan[r]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

do dhóirt Día san óig uasail
gníomh as dúal ó dhúthchus di
an sdúagh chúlchas go ccáoimhe. Do char

188

Do leighis Dia, dearbhtha an mhíorbhail
[TCD 1319 (H/2/17), 482]
[Acephalous]
[Séadna, Dán Díreach]

1 bec dtar[aidh?] an leim tar line
gabaid[h] fein an rige a-ris.
2 Do leighis Dia derbhtha an mhirbhail
mac meic Aedha dob e a am
da leigedh Dia an t-ainfher d'essgur
cia an Gaoideal nar hessgradh and.
3 Ag breith bisigh bios an masal
da (a) med guasacht do-geibh se
an crand masail medh I Dhomhnuill
fosaigh fedh gach fhorluind hé.
4 Ni brond ri do rigraidh Banbha
a mbronn airdri(gh) Essa Ruaidh
fer nar car fabhairsi *n-einigh
anaibhsi ag cradh Oilig[h] uaidh.
5 Ag breth bisigh bid gac bliadha[in] (?)
brondta leogain leithe Cuind
mar gort dedhsil a ndiaigh branair
a criaidh ceinil taraidh truim.
6 A-tait cliara criche Banba
ag breth na roghan ruc me
turcar flatha a rath da-riribh
tar cath Macha sinigh se.
7 Ni hinand cach is cath Eirne
d'airdi[gh] na nduas dailess siad
ní mac samhla an mhoir 'sa minshreabh
do sgoil Banba as *ní mer iad.
8 En firsheabhaic frith a nUlltaib[h]
ar uaislib[h] Banba ag breth gill
ni frith medh an eoin don eallt ain
os fer eoil da seabcaibh sind.
9 Ludh Lamhfhada a hEmain ablaigh
is oigri Aedha ar n-eo fiss
medh comtrom rea gcur a gcoimess
Ludh an conclann roinnes ris.
10 Eachtar mac Primh premh an gaiscidh
gnaoi in curadh do-chuaid a gcein
tarla a shamail and no Echtar
re haghaid clann neartmur Neill.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

11 An masal da meince brisder
a brised[h] fen ferrde an crand
co fuil méin masail a Maghnus
d'fuil Neill Frassaigh adhnus and.
12 Anonn (?) d'fhinfuil Eogain Taighlig[h]
tond uaibhrech dob fada leim
ni hi an muir 'sa bruaigh nac bentair
do buail fa fuil neartmair Neill.
13 Cuisle beo re brosdadh n-enigh
tre fuil mBriain na mbuabhall cam
fada an fhionfhuil 'na muir maighrigh
linaidh don fhuil fhailgigh and.
14 Ni fhuil dés dár fhás on Art-sin
Art Enfer is oirrdearc luadh
acht dés ceinil co hArt uime
gort dedhshil is truime tuar.
15 Cia [go rainig r?]ighrad[h] Banba
[b? ...] fir do chlu
ni fess ga [lion tunn? ...]
[...]. Ends here.

189

Do loiteadh leigheas Éireann
[TCD 1341 (H.3.20), 295]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do loite[adh] leigis Eiri[o]nn
truag liom an crioch cneastseimsing
da lot uainn fan uile ní
a Muire is truag nach tuigtí.
2 Ní hí a Dhé as ro measa linn[a]
Eire oileanach aoibinn
acht tír 'na mbi mo bhuna[dh]
do-cim í gan anacal.
3 Siol Anmchaid an aignidh mhir
a lucht fogloma is fisigh
ortha(r) legthar lamh go fír
ni cleachtar ár gan imshníomh.
4 Beg nár loite[adh] úainn uile
ord gaisge[idh] *ord eagnaidhi
ni saoilim nach dubhach dhuit
a thulach aoibinn oirdruic.
5 Lucht biortha na mbhreth molta
lucht ndheilbhthe ndhuan ndhiogachta
ni mhair a Dhe a ndheachmadh sin
ni leanfadh me dhá marbhnaidh.
6 Nir chas [dúinn?] aonch(ei)reim eile
da bhrith a úain ainglídhe

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

fer ler truagh cor ar gcreid(h)e
go dul úainn *dar bfisige.

7 Lucht is doilge duinn go dul
dar cum Dia ar thuinn thalmhun
lucht cumhdaigh na gcorp ndaonna
ugdair narb olc aontaobha.

8 Rugadh uainn go nuadh a-nois
saoidh leagais (?) lomlan d(o)'eolas
fer gan claoin um cenn (a) chreide
ca saoidh (do) budh fearr d'fisige.

9 Dob iomda maith eile air
ollamh legais fhóid Anmchaid
gan aonalt dar chan 'na corp
nár char daonacht is dioghacht.

10 O aois oigleinib go heug
docuide Criost da coimhéd
míllsi bhreug na mbhan mbhanda
nior char *na séd saoghalta.

11 Ni *has ucht gurbh e mo sheisi
Eoin mo compain cride-si
tearc 'na dhiaigh a Dhe a shamuil
liaigh mar e ni fhacamar.

12 An ch[e]ist do ligdis leaga
dhiobh do dhioth a tuigsiona
realta eoil dar ghiall an ghaois
a ciall ar Eóin do iardaois.

13 Go ti cenn aite fhad(h)a
tar eis Eoin mic Diarmada
cuis o mbhiam feasta folamh
ceasta na híarr d'fuasgaladh.

14 Níor fhagaib (?) ni feidm folláin
oidhe[idh] Eoinn Hi Challannáin
do sgéal (?) dearbhtha is cáir creide[i]mh
meanma a bhfaidh na [a] bfisige[ibh].

15 Nir guill doctuir da ndheacaidh
riam go mor ar Maineacaibh(aibh)
go dul d(o)'Eoinn úain a Coim(h)dhe
fa tuar leoin dar *legain-ne.

16 Neach mar Eoin ni dail doilge
do chuir cheille a tteagsoidhe
ar fedh Bhanbha mbhain mbhriothgil
doigh nach tarla a dteoruichthe[ibh].

17 Mairg do-chonnairc a Dhe a dhul
ar bhfisige ar bhfheallsa[mh]^{s}
fer bhogtha cruais gac ceasta
an ghluais mholta is minteaxa.

18 A lucht leigte gac leabha[i]r
leithéd Eóin ar airghiona[ibh]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

o Chliath Mail teas go Thoraigh
doigh nach feas go bhfagabh(m)uir.
19 Do bhi *re hEoin a Dhe dhuinn
a ttaobh toirberta is *deghruinn
mo chuid do legaibh *criche Cuinn
cáoi 'na dhegaid dha ndhernainn.
20 Tar mhorain d'[fh]er(f)aibh fhoid Bhregh
in *runn chaoidhce do cheilfedh
ar m(bh)ionn sul ar *mbhoigh fisigh
duinn do budh áil innisín.
21 Os e is crioch dhó fa dere[dh]
dul d'eug cuis nac ceilfither
grás Dé na ndhúl go bhfhaga
ar rún e 's ar n-an(a)mchara.
22 Gan dul go dun a Dhé as-teach
Eóin ar cairde *ga gcurthar
baogal dam-sa a Dhe nimhe
os me is f[h]allsa a n-aitrighe.*finis*
23 *Eó taisdill na bhfhu[a]rán bhfhis
sgoith eoil gach ughdair leghis
tig dhá oidhi[dh] sinn gan sedh
doile[igh] linn mar do loiteadh. Do ...

190

Do mheallais meise, a cholann
[O'Conor Don, 75b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do mheallais misi a cholann
do thuit mé réd miochomall
féuch a cholann do mheall me
nárb ferr comall da chéile.
2 Tuig go bhfuil an bás ad bhun
na bí a cholann id chodludh
gerr úaibh do leaba lighe
freagair úair na haithrighe.
3 Smúain do leaba chumhong chríadh
smúain a-ris (ar) iomadh ilphían
is smúain a thrúaigh mur théighe
smúain an úaigh 'san eisléine.
4 Smúain ar theghdhais ifrinn fúair
smúain a-rís (ar) bhreith an bratLúain
na len h'uaill agas h'óige
smúain ar teg na Trionóide.
5 Smúain an ceadlá dár ccennach
toíghecht d'Íosa ar aithearrach
smuain ar a bhoichte a mbroinn mhná
's ar thuill dar n-oilc-ne an t-athlá.

Roinn na Gaeilge, Coll. na Tríonóide, TCD

6 Smúain ar gach áonpáis fhúair Día
smuain ar chnedhaibh meic María
smúain ar nimh na ccóig ccridhe
ag sin róid an ríchighe.
7 Na luid ar leabaidh chlúimhe
fearr fulang na fuarúire
ísligh h'uaill a chalann chuil
smúain an t-anam gan iomdhuid[h].
8 Na treig ar cheó an domnáin dil
betha h'anma idir ainglibh
budh gerr flaithius h'áonuigh air
maithes sáoghail na sanntaigh.
9 Smuáinter let gur cre do corp
guais a ndernuis do dhásacht
do thocht a n-aghaidh th'anma
na falaigh h'olc atharrdha.
10 Báoghal duit diomus h'óige [76a]
a cholann chrúaidh chriadhfóige
ar ndul ón ádhbha dob ferr
do chur h'anma go hifrenn.
11 Sechuin gach mían dod míanuibh
a cuirp úaibhrig[h] ainmíanaig[h]
a-ta ar ccobhair-ne a ndán duit
mad áil comhairle ód caruit.[x]
12 Mairg dan(a) heac[h] iomchuir thusa
is tú a n-aghaidh t'anmu-sa
mairg fúair an chalann fár com
an t-anam uáidh fa antrom. Do ...

191

Do mheallais mh'annsa, a fhir ghráidh
[RIA 744 (A/v/2) 'Dillon Duanaire', 31al]
Áonghus Ó Cillín cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do mheallais mh'annsa a fhir gráidh
mairg nár fhaomh mh'oiread dh'eadráin
a-tú ar iocht m'fiaghui[gh]the dhe
ód bhriocht siabhairthe seirce.
2 A Ribeird a rún m'annsa
mairg do árdaigh úasam-sa
mur fhuilngeach ar eól reabhruigh
do sheól suirgheach simheannraigh.
3 Mairg do chuir ar cenn m'anma
bhur síothshoighde searcamhla
gan ar meaghradh gar dhíoth dheit
fríoth dam chearbhadh ó Chúipeid.
4 Áos ar cceirde ós comthaigh dháoibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gár mheisde dod dhreich ndonnsháoir
ré sníomh na soighead-sa ar m'fud
m'oiread-sa dhíobh do dhearmad.
5 Do ghnás gach áoin dot fine
tugais úidh dár n-éigsi-ne
cló a n-ionnaithmhigh as léir lat
ní céim iomaithfir orat.
6 Éigin duit día do chombáigh
díall riú dá a ró d'úamhandáil
gé a-tá a leath dot áis oruibh
gnáis 'na tteach ó ttángabhair.
7 Gach teach ó ttáinic tusa
don iúl fhíre fúaras-[s]a
lér seandáil bur líne libh
fá leandáin fhíre d'éigsibh.
8 Crú Díolmhain dream nár tughadh
fá príomhró[i?]mh d'ord ealadhan
a-tá a ngnás ag tocht treamhaibh
a ccás ort do fháoimheabhair.
9 Fá tighe go sén solaimh
diúidigh mhóra is mugharaigh
as fiú a ngarma a leanmhuin linn
's na dealbhnuigh tárla ad thimceall.
10 A-tá róimh a n-eing oile
Bríanaigh branáin Bhóroimhe
dream as búaidhiollmha clú a ccath
is crú búainfhearrdha Búrcach.
11 A-táid róimh a rún fortail
crú Cárthach is Gearaltaigh
dot reic a ndeacraibh dáimhe
a mheic searcghloin Siubháine.
12 A leannáin Locha Glinne
tarnguidh ort úidh m'inntinne
láoich gan chrúas fá a sédaibh sin
féghuin súas ar bur seanaibh.
13 A-bhus ó bhur bféghain féin
do chara-sa a chrúth soilléir
do réir clúgharma bur cceard
do mhéin rúnamhra a Roibeard.
14 O thárnuic lét aghaigh n-óig
bréga mh'annsa a úa Teabóid
na damhuigh fá lár mo leas
grádh 'na aghaidh as oircheas.
15 Dior úaisle d'atach dhá háis
caraidh meisi a mheic Lúcáis
ní bhía rém ré an rádh tar ais
id ghrádh ní mé nar mheallais. Do ...
16 A Róis Díolmhain dán dú toil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gabh órán mh'éigsi oraibh
a sháormhall as díon docra
bíom a n-áonrann annsachta. Do ...

192

Do mhínigh Dia na deich n-aithne
[TCD 1378 (H.5.6), 263]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Do mhínigh Día na deich n-a[ithne]
[an?]enaithne gor an sía[d]
d'[iom]char aithnedh Dé don dui[ne]
do aithléagh sé uile íad.

2 Cía aca as indéanta dhamh-sa
dána faiteach fer an fhis
as leasg dho dá ttréige a théama
go léige so a fhréamha ris.

3 Aithne dháoibh-si na deich n-aithne
as é an gradh an gráinne síl
as leanta dhamh é 'na énar
gibé rabh ag dénamh dhíbh.

4 An bioth cé do chíonn an grádha
do gheáll Día ní dochma in rí
do gheáll neamh do chách 'na chonnradh
ar *mheath gnáth as urrlamh í.

5 Dá madh cneasda a gcur ar áoinneach
ainmhe an domhain a-deir síad
mar fholchair [an] trá(i)gh ré tuile
folchaidh an grádh uile íad.

6 [...] igh áirdrí Gáoidheal [264]
[.....] tairis ní théid neach
[fua?]th nochan fhuil 'ghá námhu[i]d
a lúach soin ní thánuig (a)s-teach.

7 Cía do chloinn Néill na Náoi nGeimheal
nár ghabh tnúth timcheal an ghuirt
arus an tí nach aith (a) fhalaidh
maith do-ní a n-aghaidh an uilc.

8 Do ghabh Énrí aithne an grádha
ní grádh 'na aghaidh f[h]úair sé
ar ttocht as a truaill 'na th[oirrchim?]
olc an úair do oirchill hé.

9 Dá ttigdís mar tathar chuc(h)a
clann Néill Chaille nár char bú
[do]budh é sin snáidhm an tsídhe
an spáirn fil fán ríghe rú.

10 Ní fhaghuim gidh iomdha a námaid
ní oile as eagail dáibh[s]
do dhóigh ar dhortadh a ratha

Roinn na Séadhg, Col. na Tríonóide, TCD

acht sgoltadh slóigh Macha a-mháin.
11 Búaidh muna bregach an senchaidh [265]
a sén díobh ní dheachaidh fós
ní raibh ar shíol Néill 'ga námaid
nach díobh fein tánuig a[r] tós.
12 Dá bfhaghbhadh clann Chaitreach Fhíona
flaitheas ar tús do thoil nDé
a chlod[h] ré hadhnadh an uabhair
mór an t-adhbhar úamhain hé.
13 Eagail lióm-sa lot an diomuis
dóigh an tnúith ní théid tar ais
ní mo-chen cridhe 'na ttuitfeadh
teagh nimhe do loit[f]eadh lais.
14 A chlann-sa Néill na Náoi mBrághad
beg an t-úabhor agras Día
ná tabraidh Banbha d'fhior oile
tarla bhur ccion roimhe ría.
15 Do cuiredh libh leasg a chuma
clár Teamhra na ttobar ngórm
ar láimh bíodhbadh bladh dhár n-úabhar
ní hiongnadh dhamh úamhan órm.
16 [M]aol Seacluinn mór Ó Maoil Eachloinn [266]
airdrí Fód(h)la fada ó shoin
do shanntaigh neach é dhá fhine
gib é 'ghá mbeth righe ruibh.
17 D'úaislibh midheach Í Mhaoil Eachluinn
ionann sin agas síol Néill
as é a ttnúth a-ráon fán ríghe
do mhúch a ngáol fhíre féin.
18 Áodh cráoibhe Tolcha túar míogháoil
Máol Eachluinn do fhúathaidh sé
níor chuir Áodh ós áird 'na aghaidh
's ní sáor ó chailg fhalaidh hé.
19 Ceangluis *a ránn is rí Mumhan
mac ríogh Oiligh dárbh ainm Áodh
dá líontuir (?) faghla is fúatha
líontair Banpha úatha ar-áon.
20 Tnúth Aodha ré háirdrígh Fódla
fada ó aithis d'fhuil na Níall
cóir nach d'Áodh tainicc a tarbha
dá tháobh ráinic Banbha Brían.
21 Brían Bóromha an Brían ad-chlui[nter] [267]
ceannas Fódla fúair an rí
acht an úain do bhí 'gun Bhrían-sa
ní fhúair rí dhá íarsma hí.
22 Do bhí Éire anba an mheisneach
ag Máol Eachluinn tar éis Bhríain
críoch a shen 'na róinn don ríghe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

nír bhoing fer dhínne ’na dhíaigh.
23 Sgur don díomus a ndíaigh Áodha
iomdha cúis fá budh cóir dhúinn
*gá bheth a n-aghaidh an anma
ní fhaghaibh neach tarbha in tnúith.
24 Dá mbeimís mar nach béam choidhche
clann Néill Teamra thes is thuaidh
gan rún cogaidh ar a chéile
as obair dhún Éire d’úaim.
25 Fúath dháoibh-si Día dá bur ccoimhét
a chlann Eóghain orra sin
do thuig mé ar mhaithiph eile
braithidh an dé an teine as-tigh.
26 Ní [...] gan roinn an Chlocháin [268]
clann Aodha Buidhe becht [linn]
nochtfa[idh] me do chách ar ccé[d]lén
gibé ttráth búdh éittrén inn.
27 Ni rach dá chuma ar chloinn nDálaigh
dóigh oruinn an úair do bhíadh
teagadh go madh teinne in t-aithlén
eagail linne a roithrén ríamh.
28 Na bheth (?) chugainn a rusclann Rosa
’ghá raibh[e] an tír-si a-tá fúinn
ní breith[t]e ar mhnáibh do mhímhes
gur bheithte dáibh díles dúinn.
29 Fir Mhanach ná macraidh Oirghíall
aca ríamh ní raibh ar mbúaidh
ní bfhuil dár bfhúath ag fuil Cholla
nach bfhuil a lúach orra úainn.
30 Fúath na mbraitreach beac an t-iongnadh
an úair bhíos ní bhí acht do tháom
ní hamhlaidh sin do-ní námha
as í mil an gradha an gáol.
31 Ní héinní fhoghnas do dhuine [269]
déanaidh comhuirle a chlann Néill
árus ádh a n-aghaidh (an) ratha
gabhaidh rádh na flatha fein.
32 Comhuirle an ríogh ó ráith Oiligh
as í ar ndoigh dhá nderna síad
na cúirte do *thoigh ’na ttaca
go bfhúigfe Ó Néill aca íad.
33 Ní bfhoil críatrach a ccrích Uladh
ní bfhuil inbher ní bfhoil díg
ní bfhoil bérna ider dhá bhóthar
nach dérna sé tochar thríd.
34 Na haibhne d’iomad a ndroichet
díreach etorra in t-iúl cám
ní gabhann neach tráigh ná tiomchal

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ní háil dá mbeth iomchar ánn.
35 An róimh mar do ráidh an príomhfháidh
Pádraicc tháll an trath do mhair
tugadh dhó a ndorus a thoighe
gá mó *solas oile air.
36 Tug an Coim(h)dhe a ccent a nd-ubhairt [270]
ní fhúair an rí rath as mó
a líon ná togha suil tárrla
modha ríogh as dámhna dhó.
37 Dámha Éirionn d'éis a ríoghtha
go ráith Teamra ag teacht 'na dhíaigh
fer téighthe theallaigh an Daghdha
féithle cengail Banbha Bríain.
38 Ó mhac Eóghain [do]fúair meisi
mhaighneas fada is fiche bó
as de táinig tús ar ngrádha
ráinig nús ar ndána dhó. D[o mhínigh ...]
39 Íarg[c]amharc inghine Donnchaidh
dámha a gconách cuiridh sé
ní hé gur ghabh sé ghá s(h)étaibh
as é a chradh do mhéduigh mé.
40 Lór mh'airgheach d'íarraidh [a] loilgheach
lór mh'oireamh d'íarraidh a dhamh
d'íarraidh a léag as lór mh'áines
an mór 's a[n] beag dháileas damh.[x]
41 A-tá sé a sochar Í Chatháin [271]
ar chloinn Neill gá nert as mó
fíoch na ríogh gé dho réidhigh[s]
síoth na gcríoch do dhéinimh dhó.[x]
42 Mac Domhnuill da ndeach 'na lúirigh
ní leantar Ó Néill ní as mó
colla ma do-chóidh 'na dheghaidh
comha dhóibh gan deabhaidh dhó.[x]
43 Dá bhraithribh do-bherim rabhadh
ní rach dhá nochtadh ní as mó
foghnamh d'Ó Néill do-ní a shoirbhe
réidh gach ní dhá dhoirbhe dhó.[x]
44 An t-érlamh dárbh athair Féilim
go bfhaghbha ón Mac nach mac mná
mar fúair sé gach anáir oile
mé d'fhaghbháil an toighe a ttá. Do ...

193

Do réir gach croinn tig a thoradh
[RIA 540 (C/iv/1), 167v]
Goffraigh Mac an Bhaird cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

1 Do réir gach croinn thig a thoradh
mur tá sgríobhtha a scrioptúir nDé
mar sin ag *ruinn roghan ngníomhruidh
toradh chroinn ó síolruidh sé.

2 Madh maith an crann ó gcin síolradh
mur sin don tsíol fhásus as
madh olc an crann mur an gcédna
bud locht 'na bharr gégdha glas.

3 Ni don [chrann do?] chan an t-Airdrí
Iosa Críosd ler cumadh neamh
acht don fhrémh ó roidh an duine
do rer phóir an uile fher.

4 Oirrdhercas Néill na Náoi nGéibhionn
or ghin mór do mhacuibh ríogh
do mhuin deighbhert is dú uile
eighrecht clú gach duine dhíobh.

5 A mesg na cclann do chin úadha
éirgis Fiacha fer don chloinn
go bfuil 'na bharr ágh da fhine
crann ará ttail cridhe an chroinn.

6 Ticc ó Fhiacha inneamh molta
Ó Máoil Mhúaidh na meirgedh sróill
mo-chen cách do cinedh úadha
dar dligeadh rath búadha ós Bóinn.

7 O Máoil Mhúaid do chineadh Choilín [168r]
cendus chrich do cosuin sé
go bfúair cána cáich go coitcenn
námha ar láimh gan foirchionn é.

8 Tig ó Choilin cuingidh áirmheach
U(a)illiam miadhach Ó Máoil Mhúaidh
fer cosnamha ar áoibh da aithribh
orsana don táoibh thairtigh thúaidh·s

9 As urusa á aithne ar Uilliam
uaisle craobh or chin a-nall
se féin mar an ccrú or chinead[h]
do rer chlú na ttigh(th)egh thall.

10 A mhéin aobhdha aignead cennsa
a croidhe réidh gan rún locht
tairthe an croinn do fhás ó Fhíachuidh
a ghrás a chuing bíatha[i]dh bocht.

11 Díbirt chaibhden cart[h]ain reghlés
ríar aiteadh áitiugadh *fair
samhuil da fhrémh reacht do-rinne
a mhén chert gan time tláis.

12 Do-bheir do Dia a dúlgus bunaid[h]
do-bheir dá rígh conndus cert
go mbí réidh gan doladh ndíoghla
torad[h] ón fhréimh rioghdha a recht.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

13 Ni thabhair úaidh ni iarr égcoir
ni aighnis buirbe a bhrigh thinn
as lor leis a chóir do cháomhno
gan tár da chneas áobhdha fhinn.

14 Efeacht brighe began briathar
búaine ngealluidh gniomhrad[h] áigh
d'fagáil barr dár-íribh d'Uilliam
sínidh thall le coimmían cháigh.

15 Deaghchlú sénmhór shleachta Coilín
connmaidh súas le slightibh cert
ag so an rogha le re[i]ch áoibhe
gan dola í le[i]th náoidhe a neart.

16 Da ndech cach a ccundas comhthrom
u[m?] chenn Uillíam Uí Máoil Mhúaidh
ad-chíad féin nach foighég chnúasoigh
coimhéd ar mhéin n-uasail úaidh.

17 Ge madh námha do-neth iomrádh
na habhrad sé seachnadh gó
beithir (b)fí nach féd do radha
an ní bud brég dhána dhó.[x]

18 Ni aibér re earla mbarrcas
breitir mbréige ar nach biadh bail
's ni bhía úaim a n-ám á iomraidh
rann im dhúain bud ionráidh air.

19 Tiodhlacadh Dé deighbhen deighfhir [168v]
mar (a-)deir Daibhídh diadhacht naomh
ag techt san chomhar le chéile
toradh dleacht a reidhe a-ráon.

20 Do-rad Día ga diochra sonas
mur sin d'Uilliam amhra an barr
mnáoi nach cleachtann cor 'na aghaidh
gan leattrom modh amhail ann.

21 Intinn mhordha Mairgrég Clifeard
congnamh e lé á aigneadh sáor
mar sin go ttuill toradh beannacht
lé comhar súim neamhbocht naomh.

22 Fineamhoin í ar fedh a thighe
torad a bronn mó 's a mhó
sochar cennuigh Dé ar an dís-[s]e
do bennaigh sé dí-se is dó. Do ...

194

Do thogh Éire fear faire
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 80]
Domhnall mac Tomais Ui Uicinn
[Deibhí, Dán Direach]

1 Do thogh Éire fear faire

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ni hurusa a hionghaire
da roimhéd do leattrom linn
do choimhéad eachtronn d'Éirinn.

2 Faire Eirionn ar ua cCuinn
ar an láochraidh o Lu(i)nduind
ní fhúair aondhuine do fhéad
áodhaire an cuain do choimhéad.

3 Ré húa nEogain ni husa
coimhéad Cairrge Fhearghusa
mur tá cúan Muman a-muigh
gan sluagh Uladh 'na fhochair.

4 Coimhead Eireann don tháoibh thoir
ar ua cCuinn cuirthear d'fiachaibh
go hInis Bhó Finne ar fad
dar linne ní do as dearmad.

5 Da ttíosadh ass táth Teamhrach
fada an tríall-sa ar Thoirrdhealbach
líon gleo o Liphthi Laigean
slighthi leo nach leanfaidhear.

6 An oighreacht as dó dleagh(th)air
do gabáil ar Gaoidhealaibh
fonn Banbha do bhí ag Gallaibh
tarla fáoi 'ga fearandaip.

7 Do dhul dóibh 'na nduthaigh féin
do chuir ua Eogain aimhréidh
ge beag luagh rabaidh roimhe
Danair a ccuan Corcoidhe.

8 Cúan Sligigh d'forchoimhéad air
mur ta Beand oirrdearc Éadair
mur tá sluagh fearrdha Finne
a sealbha ar chuan Coirlinne.

9 O fhéin eachtronn go núa a-noir
os he dob fhaide ó Ulltaibh
coma an chuain um Cheand tSháile
fuair ar ceann na congháire.

10 Ar mac Neill o bheinn go beinn
faire gach éanchuain d'Éirind
cách go Fionntráigh 'ga bfhaire
tráth iompáidh da háodhaire.

11 Íocfaidh a bfuil d'fiachaibh air
an mac-sin Neill úa Eoghain
Éire dh'úaim & d'fhaire
ní fhuair céile a chosmaile.

12 An fáidh-sí a-nos acc O Néill
ar roinn Chuinn o thug toibheim
beanfaidh breath fhola hEachaidh
leath Mogha do Mhuimhneachaibh.

13 Más ar chlú chuirid a ngeall

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

sinnsir uaisle fhóid Éireand
as dó as cneasda táth Teamhrach
gnáth na teasda ag Ttoirrdealbach.
14 Da mbeith an rúaig rompa soin [81]
do ghuais Gaoideal guirt Fhionntain
a mbés féin ag fine Gall
o fhéin Line go locand.
15 A[n] Niall Frasach o bfuil sin
ler taibhgheadh cáin gac cóigidh
na cána oile do íarr
nír chóra roimhe ag rígNíall.
16 A n-agaidh a n-ainbhreath air
Toirrdhealbach uadh fa fhiachaibh
sgél o chlandaibh Neill a-nall
geill o Ghallaibh nac gabhand.
17 Uirsgel as oircheas fachain
ar triar mac Chuinn Céadchathaigh
láoich fa casmail re cloinn Neill
an gasraidh nar thuill toibhéim.
18 Do bhrígh an iúil (do) fhuair misi
dob é críoch na cloinni-si(n)
dias do marbadh diobh fa dheóidh
ór shíol adhbur an uirsgeóil.
19 Eochaidh Fionn Fiachaidh Súidhe
ticc do táobh a n-iomthnúith[e]
marpadh deisi do chloinn Chuinn
roinn a ttreisi nir thualuing.
20 Buain a bhraithreach d'Art Aoinfhear
sgél as cóir do chomhmaoidheamh
dha righdhamhna fhréimhe Cuinn
fíorgaphla chléire o cConuill.
21 Snadhmadh Teamhrach a ndán dó
d'eis marbhtha Connla is Crionna
as bocht (?) cáis an gníomh ler gabh
do bríogh bháis a dha bhrathar.
22 Rioghdhacht Éirionn ticc as-teach
d'Art Áoinfhear d'éis a bhraithreach
ní cás 'sa threisi a táthar
bá(i)s a dheisi dearbhbrathar.
23 Cóir teacht tarsa re hathaidh
an chlann-sin Chuinn Céadcathaigh
clann Chuinnmic Feilim da éis
créidhim oirrdric re a fhaisnéis.
24 Art Áoinfhear d'éis na cloinne
ga rogha as fearr agoinne
fuair ar an ccor-sain fiadh Flainn
cosmail do iarr an urraim.
25 Ionann airdheana an da fhear

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Toirrdhealbhach is Art Áoinfhear
ionann a ccás leath ar leath
dob ionann bás a mbraithreach.
26 D'éis Briain is Airt óig d'oigidh
brath fir ag ráith rioghOiligh
ni breath chláon do threibh Teamhrach
do-beir táobh re Toirrdhealbach.
27 Niall mac Airt dob é a athair
slat d'fhío[dh]baidh Chuinn Céadcathaigh
an té da ngeaphaim-ne greim
as é as eanoighre ar Éirinn.
28 Acc mac Cuinn do-chúala me
rioghacht Éirionn da aithle
da ttíos(ú)adh dínn táth Teamhrach
gnáth an tír ag Toirrdhealbach.
29 Ni thuiccim nach ttiocfa riph
romhór an obair áoinfhir
is úaim cláir Conaire id chionn
do dháil d'foraire Éirionn.
30 A úa Neill na Náoi nGeimeal
os cionn cáigh o cuirfidhear
cuir ó táoi at eighre air[s]
na náoi ngeimhle fát gíallaibh.
31 Rí romhaibh dar chomhainm Conn
bar bfhíacha air is ionann
do bhí reimhe ar f(h)onn bFhiachaidh
ger trom n-eire ot airdfhiachaibh.
32 A fhir chomhdha do chean féin
a choill chumhdaigh chlann tsaoirNeill
na biodh Goill ribh acc righe
sibh don choill as ceinnbhile.
33 Níorbh áil le háoinfhear oile
d'úaisliph indsi hÚghoine
budh bean roghan treabh Teamhrach
bean lér togadh Toirrdhealbach.
34 Maidhm nach ttucadh ríamh reimhe
as do tarla a ttarrngeire
ar nuaGhallaibh san sál soir
fuaramair d'ádh a nUlltuibh.
35 Uaim Banbha do chuir a cceill
le seabhcaiph sleachta sáoirNeill
nir bhean a airde da húaim
a sheal dh'faire gach éancúain.
36 Sgél sin lér glúaisiodair Goill
o threiph Luighdheach go Lunnoinn
ré iomlán don fhuil-sin Chuinn
acc iomrádh Uisnigh aguinn.
37 Ma tá uaibh-si 'ga reic rinn

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

fuasgail damh-sa an ceisd chuirim
cia dar chóir a chlú id chomhar
a cnú óir na n-ollomhan.
38 Cáin chóig ccóigeadh ’na chartaigh
mac Neill cuid da chumhachtaibh
os cairt dheighbhisidh do dhligh
an t-eighri-sin Airt Áoinfhir.
39 Do Ghallaibh as gníomh foladh
suil Bhanbha do bhuadhogadh
as fear fhoraire fhóid Bhreadh
is comhfhaire chóig ccóicceadh.
40 O a-ta a-nos da chur a cceill
beag sin do rath í ríNeill
go bfuil sgrios ainbhfhine air
fios na tairrghire ag Teamhraigh.
41 Ní cúairt gearr do ghnáthaigh sgol [82]
acht comhnaidhe a ccrích Uladh
ni théid chlíar úadh fa oba
do bhuadh gan riar rofad(h)a. Do ...

195

Do thogh mé maicne Domhnaill
[TCD 1340 (H.3.19), 34r]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Do thogh mé maicne Domhnuill
’gar chleachtus mo chedfhodhluim
síad don ceadfrais do cleacht sinn
teacht ’na n-égmais ni fhuilngim.
2 Maicne Domhnuill thíar is toir
eidir Eirind & Alboin
do boing don dá annsa inn
*co cloind tarrsa nach dtuig(h)im.
3 Cland Domnuill nar coigill crod
os acu bhím do bhunodh
tred is toghtha druim ar druim
cred nach ortha do anfuind.
4 Ésguidh céim uam ar mh’aduigh
do teacht d’fheghain F[h]eradhuigh
ceim da feghsain ge lúg linn
ar cúl ní hesgaidh mh’inntind.
5 An eacdra thanac tar tuind
co codhnach cloinde Domhnuill
tren damh-sa teachta da thoigh
nac annsa eachdra a nAlboin.
6 Teachd uatha ní hesgaid linn
an trath thanac a nEirinn
tuc caidreamh cloinne Colla

Roinn na Gaeilge, Coláiste Trionóide, TCD

moille ar mh'aigneadh eatorra.

7 Mo mhían an trat tarrla toir
Mac Domnuill dreach mar corcoir
tuc a nos a hAlbuin inn
o tos gur ardaigh mh'inntinn.

8 Mo craidhi thiar & toir
fa chloinn Colla go gcuart- (?)
gur tseolus ar chloind Cholla
do roind mh'eolus eatorra.

9 D'fis an tí da dtucus toil
do baoi agum a nAlboin
grad ealta do thríall co tuind
do mhían na heachdra oruinn.

10 Tar gac encloinn fhegas mhe
teacht uatha is adbar leisge
do bud innleanta ar cloinn Cuinn
ac boing imteachta oruinn.

11 Soighteach na righe as tír thoir
ar ndealugad[h] re a dhutoigh
doba creidhim eacht oile
teacht d'Eirinn ar amhsoine.

12 Gan fuil iarmuir ina f[h]olt lag
úa Colla ac cosg a námad
rogha gach gobhlán da ghním
orlár f[h]ola na n-ardrígh.

13 Colla Uais o a bfuil a[n] fear
go Domnall úaidh da n-áirmher
slat do geinilach clann gChuinn
crann do dheighfhideac Domnaill.

14 A-ta agam da ceib chaim
sloindfid me do Mac Domhnaill
a-núasan fírbhun a fhrémh
rigradh úasol na n-oilén.

15 A n-aireamh cia nac cuimhnig
gach rí do Sil tSamhuirligh
milis trat an uair-si d'f[h]ir
a-ta re a n-uaisli dh'airimh.

16 Naenmur airdrig druim ar druim
o Aenghus Mhac Domnuill[s]
do fhreimh an Aonghuis oile
d'aonfrais don reim rígraidi.

17 Clann Aonguis an airm druimnigh
Eoin sud & Somairligh
frém Gaoidheal tall do tháthaigh
clann d'áoinfer is d'aonmháthair.

18 Sil Somhairligh do gab greim
ar eachdra uainn a nEirind
dream nar íslidh a dtreoir toir

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

an sil-sin Eoin a nAlbain.

19 Sadhb inghin Amlaib ucht geal [34v]
Mac Domhuill cía nach creidfeadh
fuil tShaidhbhi taob re taoibh[s]
go bfuil 'na aigri d'Amhláoibh.

20 Críc Mhanann fa chlannuib cnichd
o Shaidb do fhúair a n-oighricht
derbaid[h] cró Manann a-muigh
gan tadall dó 'na dhuthuidh.

21 Domnall mhac Radhnuill rosg glas
ar ndealughad re a dhuchas
cred nar dluthaig[h] re clar Cuinn
o narb ál dúthaig[h] Domhnaill.

22 Ríg sin nach éidir d'falac[h]
is úad(a) ro fhás Feradhach
crand d'fidbaid[h] an tíre tall
d'iobraibh na righe Raghnall.

23 Mac Toirrdealbaig táebh leabhar
is urusa a aithnegad
fuil Eochaid an úair ro ibh
co bfuair eochair an einigh.

24 A-ta imat aithne dam
a-der rit rádh na n-ughdar
ní dearna[dh] h'adhuigh mar fhín
gan treabhra[dh] d'faluibh airdrígh.

25 Fuil Áonghuis oig fa hard fuil
fuil Domhnaill trít ar dtosuigh
créd nach umhnachd fád chéib chaim
gac lubgart do réim Raghnaill.

26 Gin co bedh fós fad cheib chais
acht in t-áoinfer or fhasuis
tonn rabharta don reim(h) righ
céim farb adhanta th'ilgnimh.

27 Do fás o Murchad mhac Floinn
inghin Hí Ruairc o Fremuinn
deoch milis mar is dú dháoibh
do ibhis do chrú Cathaoir.

28 D'imad airdrigh fad t'ucht geal
ni cnesda cur re a n-áream
a dtomus uaim-si madh ail
gan forus t'uaisli d'fhaghbháil.

29 Teid do chís ar clannuib cnichd
co brath mad ail an oighrichd
ní bfuil fath na hechtra ann
cách ac teachta fad termann.

30 A n-am an catha do chur
meirge sroill re crann curudh
lintar an t-ath dh'atuib óir

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fad bratuigh trath an tinóil.

31 Mac Toirrdhealbaig taeb mar tuinn
gég cumra cloinne Domnaill
lam derg o chach mur ro-cluin
a ferg san áth do osguil.

32 Imda ar lár d'aitle a agha
lethchos agus leathlamha
stuagh[a] oca faghairt a bfhuil
úadha ac tabhairt an tachuir.

33 Mac Caitreach Fhina fuair geall
ceann aidhe d'eigsib Eireann
do ghab cloidheamh do gab gha
do char troigeadh re tendta. d. t.

34 Ingin Uaiter na ngruadh ngeal
uaisli a haicme da n-áirmer
nír fás dibh acht cnú chiníl
is dín do crú Chaitilín.

35 Clann Feorais fúair rea n-adhaigh
is rigraid clann gConcubhair
fuair-si na fola dob ferr
uaisli a mogha da máoideam.

36 Mac De 'sa[n] crann derg re a druim
Muire fós fechadh oruinn
tic sa Lúan tre guin a gha
ní bfuil acht ac túar teachta. Do ...

196

Do thuit a cloch cúil d'Éirinn
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 159]
Eogan mac Donnchadha Í Dalaigh cecinit
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Do thuit a cloch cuil d'Éirinn
cúis osna dá gach áoining
tearc 'na dhiaigh bús díth d'Éirinn
crích Fheilim fa chíaidh cáoinim.

2 Clach chúil an [.....] Chéin-si
mo-chean dan huir a húir-si
a clódh a ccath ní fúair-sí
Rómh na huaisle an chlach chúil-si.

3 O tá ar chléir Mhumhan maoithbreth
ní me as lugha do leirchreach
mór ní as ar dáigh ar ndlúthbhrath
cúlchlach cháigh gurbh í mh'éinchreach.

4 O tás fa fhúarbhrat úire
dá bhás do bhuaidhrigh Éire
cóir rath ar an úir uaidhe
clach bhuaidhe chúil na cléire.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

5 A ndheoigh chloiche chúil Ghaoidheal
ní tuirsi rúin do-rinneadh
lór a aibche fúair fuaradh
uabhar sluaigh mhaicne Mhileadh.

6 Cith tuirse thíar ar bhfearthuin
a thuirse as cían bhus cumhuin
do bhí a ndán dó nar imthigh
gur thimchil so clár Cobhthuigh.

7 Báidh máoithe ag mnáibh na Sbáine
ris na mnáibh o Bháoi Bhéirre
as í an cháoi ’na cáoi fhíre
cáoi an tíre nách í Éire.

8 Tuirsi in gach crích do choimhleath
ón crích-si Chuirc mic Luighdheach
35 Dobudh mela a meic Sadba
an eang-sa dot atardha
tiomlat as uaim da gac eing
gan buain o fionnbrat oirchinn.
36 Dena a ccedoir a chruth geal
a ndronganta fa deredh
fuaidh re ceile na criocha
Eire uaidh budh insiotha.
37 A meic Baiteir nar bris moid
a thairrngertaigh a Theaboid
a eo cuain liggil Line
dibir uain an ainbhfine.[x]
38 A Briain I Bríain na ttreas tte
foir Mumain is mill Aine
'mun ainmidhe fhuil 'ga ngreim
cuir an ainbhfine a hEir[e]inn.[x]
39 Coisg aimsiogadh diabail din
[aon] fpeisd nac plannda cinil
ra[t?]haig[h] me 's me 'gud guidhe
a matair De a degMuire. Einpeisd ...

207

Éire i ngioll re hAodh Eanghach

[NLI G 167, 179]

Cú Uladh mac Conchobhair Ruaidh Meic an Bháird do chum so don Aodh reimhsgriobhtha [i.e. Aodh mac Maghnusa Ó Domhnaill].

[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Éire a ngioll re hAodh Engach
budh sáor da chionn a cuibhreach
ar(a) beith reidh re hAodh Engach
naomh Temrach fein as fuilngech.
2 Ar luaidh gach fáidh do fíoradh
tar chach do-chuaidh a riaghal
tárla ar a láimh glass Gaoideal
sgaoileadh dhaibh ass no a iadhadh.
3 As é an t-Aodh-sa an t-Aodh iodhan
Aodh ler caomhnadh gach caladh
nár do rígh chláir na ccuradh
mín Mumhan fa dháimh nDanar.
4 Smacht aoinfhir orra as uamho[in]
Gaoidhil ar fhocal einfhir
cáin cáigh le cóig maoraibh[s]
baidh le naomhaibh fhóid Éimhir.
5 Goill ag comhroinn chláir Laghaidh
d'Ó Dhomhnaill as dáil doiligh
sé riamh 'ga uaim a hEmhuin
géabhaidh a tuaith fiadh Fuinidh.

Royal Irish Academy, Coláiste na Tríonóide, TCD

6 A mhian faghla go bfóireann
Banbha mar ghiall i ngeibheann
saobh é is nar fhuaigh acht éineng
a sgaoileann sé d'uaim Eirenn.
7 Don laochraidh as fáth uamhain
ar sgáth Aodha da nAodhaibh
feidhm a lann ar a lámhaib
clann Dálaigh i mbern bhaoghail.
8 Ni ar áis ghabhaid fód Fuinidh
an ghasraidh óg a hEmhain
mar so a-tá Éire is Ulaidh
dúbhaidh lá gréine is gealaidh.
9 Fleadh thighe an riogh gan riaghail
fíon da ibhe gan áirimh
fion cuirn ag ceilt a enaigh
ag féghain neirt duirn dáilimh.
10 Mór mbiodhbha bhios 'na bhruighin
sioth i ndiomdha ger dhoiligh
ni len fer cóir a chinidh
i ttighthibh oil fher nOilidh.
11 Ceim mall 'gon úa-soin Áodha
re mbuannaibh i n-am ágha
do-gheibh ag táth fhóid Úna
nach fáth tnúdha cóig cána.
12 Mar Mhaghnus ar chach cinnid [180]
an Bhanbha on ath ag urraidh
cáin riogh don nós a-nalluin
fós re lannaibh ríogh ronnaidh.
13 Mar thug súil ar shiol nDálaigh
do lion do thnúdh re a ttreighthibh
beiridh sé ceim re caoilshleigh
faoilidh féin é 'na fheinnidh.
14 Éire as oidhreacht d'féin Oiligh
a n-oirbhert a cceill cuiridh
sé fa shiol cCuinn na cronaigh
dion no foghail fhuinn Fhuinidh.
15 Fiú a mbronnaid beith gan máoine
nach cosmhuil breith a mbuaidhe
dob fherr dhoibh buing a mbéime
reidhe an tsloigh o thuinn Tuaidhe.
16 Tóir do sgáth fhola Féilim
tre lár mara mar mhínlinn
iomdha i mbeirn díbh ó Domhnaill
lion comhloinn d'feidhm dob inghill.
17 Lion gleó do mhacraidh menmnaigh
o ghleó ni ghabhaid turbhaidh
ni bhí a bfraoch uile ar armaibh
damhraidh laoch mhuighe Murbaigh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

18 Baoghlach fer anma i nUltaibh
ar fedh na Banbha biodhgfaidh
mór riamh do ghabh a glennṫaibh
do shea(dh)bhcaibh Bregh fiadh Fionnṫain.

19 Tug do shluaghaibh dhóibh deireadh
no gur fuagradh fóir Dhanar
fúigfe ar tós Éirinn umhal
géibhinn Uladh fós folamh.

20 Gan baoghal orra acht áoidhidh
laochradh gan obadh éinfhir
beiridh cliar o chrú Dálaigh
a ttáraidh tú d'fiadh Éimhir.

21 Cuir fógra ar an roinn romaibh
ar roinn Fólla na fanaidh
trom ród sibh ar na senaibh
fá ar dhealaigh ribh d'fód Fhuinidh.

22 Tiomna Néill tighe Temhra
ni céim fa a ndlighe diomdha
cred do-ní an leac da labhra
let ádhbha Da Thí i ttiomna.

23 Súil re fer faghla a fedhain (?) [181]
don Bhanbha nir bhreth dhlighidh
breth cóir aga 'na aghaidh
faghail fhada ar Bhóinn mbilidh.

24 Lion glia(i)dh le cuire chána
ni cliar nach duiligh ndíola
a n-iarr sibh ar fhiadh nÉnna
mian éra sin no síodha.

25 Fa mhagh tTemhra as trom ttora[i]dh
do thonn mhenma a-mach muidhidh
súil go fua[i]r ar na foghaibh
suan toraidh ar chlúimh cuiridh.

26 A triall cogaidh crú Eoghain
tú as cliath fhosgaidh don Aodhfhuil
cuid dot locht ar t'feidhm d'féghain
dénamh thort i mbern baoghail.

27 Slighe engnoimh fer nUladh
an eang-sin let do leanadh
tú a-rís a ngleó dá goradh
ar ghrís th'fholadh beó bearar.

28 Ni luigh th'oire ar th'fher cumtha
cnedh da bfoighe ni fhionnfa
dar libh nir dhoghraing deabhtha
foghluim derbhtha th'fir iomtha.

29 Tú an t-Áodh do thairrngir Tórna
re naimhdibh nach maoth menma
iomdha libh d'aithle an fhedhma
dérn[a] ghairthe i ttigh Teamhra.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

30 A mbláth as eire d'fedhaibh
gan tráigh a tteirce toraidh
mar thárla a-nocht 's a-nuraidh
brughaidh Banbha ag tocht toraibh.

31 Táin shíthe le gal geimhridh
ar chrádh críche do chumhgaidh
gerr go mbí agh 'na healbaidh (?)
o *leomhan dí ar mhagh Murbhaigh.

32 Clár Murbhaigh as mín aghaidh
do chúmhdaigh tír lé a thoradh
férr mar a-tá ina a threabhadh
ni leabhar lá im chenn cCoradh.

33 Tug coim da srothaibh sídhe
ga coill fhosgaidh as fhúaire
d'iomad long laimh re chéile
nach dóigh greine tonn Tuaighe.

34 Cuirid cna fiar i bfeadhaibh [182]
gach magh fa mhian a oirimh
re linn Aodha as trom ttaraidh
tamhain chaola im fhonn Oiligh.

35 Rug ar an mBanbha bárda
lucht a faghla da bfógra
minic riamh do shiol Sédna
rélla ríogh ar fhiadh Fó[d]lla.

36 Mac Siobhain is slogh Oiligh
mór budh ionaigh 'na n-aghaidh
go mbí a tnúidh re tír fholadh (?)
domhan ar rígh dhúin Danar.

37 Corcraid fan Aodh-sin omna
laochraid re mblogh thar bérna
fer a laoidhibh gan labhra
Gaoidhil Bhanbha ar feadh bfeadhma.

38 Toghthoir d'aithne gach eólaidh
na honchoin d'aicme Dalaigh
gan síodh da dhruim do dhenamh
géabhaidh síol cCuinn an chánaidh.

39 Giall nar chleacht fuairshreibh d'ibhe
a ghuaillibh (?) ar fedh bfleidhe
do bhí um fhion ara huille
rí as a suidhe riogh reimhe.

40 D'Aodh do bhí a ndán a dhenamh
an righ tar sál da seóladh
a crioch as cóir do mhaoidheamh
crioch Ghaoidheal gan dáimh ndeóradh.

41 Fuair Saxa a seal san ríghe
ni creach ar n-anadh Éire
gan guais Gall im thuinn Túaighe
guaille chlann cCuinn re chéile.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

42 Ni gnáth fuil Chuinn fa chomhaidh
fir nach ccuir re cuing dlighidh
sgol nac reidh gan riar ndoiligh
d'fiadh Oiligh féin na filidh.
43 Ni bhia ag comhruinn chrú gConnla
O Domhnaill ar brú berna
as-tegh ni bhéra biodhbha
sgéala a ndiongna ar fedh bfeadhma.
44 Cáin da cora ar chlár Úna
an chomha ghnáth ni ghéabha
ni iarr acht comma cána
cumma slána ar fhiadh nÉnna.
45 Goill ag dol d'aoinleith uaidhe
Gaoidhil ag cur re chéile
rí a tuaidh gan léim tar líne
don fhreimh fhíre fhuair Éire. Éire ...

208

Éist aifreann an Domhnaigh go dil
[RIA 216 (23/C/14), p. 176]
[Mixture, Ógláchas]

1 Éist Aifrion*n* an domhnuig go dil
is míllse é ná mil do chách
d'eagla n*á*ch m*air*féa de Luain
's nách faighthéa a luach go brách.
2 Ná leig Aif*r*ion*n* an domhnuig uait
dá m*a*dh fliuch fu*ar* an mhaiden
d'eagla n*á*ch m*air*feá dé Luain
's go m*a*dh í an uaig do leabadh.
3 Teampoll do thógbháil ó lár
idi*r* aol & chloch et chlár
dob fhe*arr*a dod t'ana*m* fá seach
Aif*r*ion*n* an domhn*aigh* d'eiste*cht*.

209

Éisd mh'osnadh, a Mhuire mhór
[RIA 8 (24/L/6), 13]
{Donnchadh Mór Ó Dálaigh}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Éist mh'osnadh a Mhuire mhór
a chiste cheólmhair na ccliar
caomhuin sinn ar ghoin an bháis
gu m[bé] (?) ár slainnte-ne gan chiaidh.
2 Stiúraig sinne sa tslíghe chóir
a ríoghan ghlórmhar na ndúl
a aonbhláth tarbhach na ttreabh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na hÉireann, TCD

cuir do shaorlamh leasa liom.

3 Sgaoil mo cheangail meas mo choir
cneasuig mo luit fóir mo ghuais
ná fulaing me a ngalar a bhfad
fá chumus na n-árracht nduairc.

4 As aidhbhsioch mo locht fá-ríor
uch áiriomh ní tualoing bhfios
mo choinnsias go meata mall
is clí criadh go teann rem shlios.

5 Uaibhreach mh'inntinn beag mo ghrádh
líonmhar ár sáith-ne don tshainnt
ádhbhal ár n-anntoil don drúis
crabaidh ní smuainim am chainnt.

6 Formad fós ce cláon an cheárrd
baoghal go ttárla 'na líon
canntlamh tré shonus gach fir
dom thréanghoin lé miosguis shíor.

7 Measardhacht níor charus fós
cíocrach chum óil mhé gach uair
ní hurus séanadh an craois
a dhéanamh a Chríost is cruaidh.

8 Fuathmhar bhím-se gan chúis chirt
diúltaim dul a ccumann cháich
le fraoch fíorfheirge gan fos
a ndíbhferg na n-och a-táim.

9 Maidion Domhnaigh rígh na ríogh
as doil[i]g bhím ar son triall
fá thuradh theaghlaidh na n-órd
greadhnach ár nglór-ne gan chiall.

10 A n-úrnuighthe níor chuirios dúil
iongannтach mo thnúith re holc
ni déarcach dearbhtha mo lámh
ní labhruim go tláith re bocht.

11 Déanamh troisge ar aithris Dé
seachnuim an ccéirrd-sin do shíor
barruim an fhírinne cheart
's as eagal go ccaitfeam íoc.

12 Coiméd na saoire go glan
do réir aitheannta na cclár
níor fríot uaim a dhéanamh riamh
a naomhMhuire giall dhom grás.

13 Guidh ar mo shon qhum do Mhic
a chruith mar lile a measg róis
ná ceadaig mo léigean uait
a réch(i)o[i]nnioll nua ár n-eóil.

14 Tochlaigh t'aithleach ar an uan
do bhí a n-uaimh tar mo cheann
do ghlacadh a ndíol mo locht

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

an fíonfhuil do dhoirt san chrann.
15 Grianán radharc ghlan na sluag
a-tá thuas a ccathair Chríost
banliaigh chabharrtha na ttréith
lánmhiann liom mur sgéith dom dhíon.
16 A chnú cheannsa na rosg rín [14]
a dheallradh dhílios na n-ógh
smuain mo dheacair féach mo chás
na héar a ghrasach mo ghlór.
17 Smuain an treabh ór síoladh sibh
do dhíthchioll cuir ara ttaobh
a ghruadh gharrtha dhrithleach ghrinn
ní cubaidh dhuit druim réd ghaol.
18 Inghion dil athair na bhfeart
a bhuime bhleacht Íosa Críost
a leannáin leabtha an spir[ad] naoimh
ná ceaduig mo léigion síos.
19 Mo chara mhaith mh'eapstal féin
Pártalán naomhtha mo shúil
a chuidíoghadh iarruim do ghnáith
a chongnamh don tsháilghin úir.
20 Ailim ort a Choimhdhe cháidh
tíodhlaic dár ccáirdibh go léir
braon beag dod thrócaire uair
ár róbhruid fuasguil is éist.
21 Éist mh'éigmhe a phéarla don phór a ttáim
féach créachta mo chléibhchuirp go lór ar bhfás
is mhé a n-éigion géarchuilig chrodha an bháis
a ghéag naomhtha a ghaolMhuire fóir mo chás. Eist ...

210

Éisd réd mholadh, a Mheic Dé
[TCD 1340 (H.3.19), 29b]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Éisd réd mholadh a Mheic Dé
ceilt ar do bhronnuibh ni bhí
in moladh dheit do dhealbh mé
ni searbh é ré reic a Rí.
2 Éisd an laoi luaidhes do pháis
do-rínes dod gruaidh mar ghéis
a thamhain is truime cnúa[i]s
tabhair dua[i]s uirre da éis.
3 Ni ghebh uaibh eachra na ór
na cuach damadh cnesda gradh
móidi is gúais mo dhol gan díol
nach crodh ríogh is dúais dom dhán.
4 Na diúlt damh a dreach mar rós

Roinn na Gaeilge & Col. na Tríonóide, TCD

tar chert ni dheacaidh mo dhuas
na cuir cnedh an cridhi a gcás
o fhleidh grás an tighi thúas.
Tú sáor dhénta na ndúl[s]
tu do reidhigh an ráon róm
do chlú an uair-si tar gach áon
tú an cháor is uaisle na in t-ór.
Is trindi do tréigi[odh] leat
an t-éusga nach bí fa bhrut
fuil do cridhi is crú do ghlac
is tú in Mac gan righi rut.
Tú in bile go mblath núa[s]
tú a-ta ad dhuine 's ad Dhía
do-bheir soin do chlú gan cheó
is tú an beó do loigh fan lía.
Tú is aodhuire fa dheoigh dhúinn
tú an t-ógmhac is áosda ciall
reic do chlú ni bhfhoighi uam
tú an sdúagh is gloine na an gríán.
Do-rinnis creich a gcruth núa(dh)
ar mbeth ad luighi fan lía
dláoi ni dheacaidh ar do chlú
a-táoi a-nú ad bheathaidh is bía.
Tar cheann h'ealta a oidhri Dé
geall tesda taibhghidh gac láoi
do shín tú re crann do chlí
is tú do-ní call don chnáoi.
Cuir a Pheadair liom gac láoi
mo bhio[dh]bha(dh) sul mheallfus mé
sáor fa dheóigh ar m'fhaghlaidh hí
bí lé m'anmain do dheóin Dé. Éisd ...

211

Éisd re seanchas Síol gColla
[TCD 1340 (H.3.19), 36a]
[Date 1588 in qt 46]
[Deibhí, Dán Díreach]

Eisd re sencas siol gColla
mar fuair sinn sa senrolla
a duine lerb á(i)l in t-eol
slán (?) na n-uile fam aitcheo[dh].
Na tri Colla nar char sed
in uaisle is coir do choiméd
do-dhen iul a sencais sin
triur fa nemhtais [re náimhdibh?]
O Maoil Chonaire a gCruachain
fedh óil eider orchuachaib

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a shenchas o chiort chubhaid
ag sliocht chennchas C[on]chubhair.
O Duibhg(h)ennain is dearbh sin
senchaid mhaicne Maoil Ruanaigh
air ccerd-ne a n-eighriocht aigi
[ferrde?] ndeighslicht Diarmada.
Muinnter Cuirnín is cairti
do siol Ruairc in ri-aicme
in chairt-sin ni claon bfesa
ar bfaicsin craobh gcoimhnesa.
Biaidh misi ag mo mhuinntir fein
clann Echach Dhoibhlein[sa]
mar táid na hollaim oile
ag folaib f[h]ai[d? Iugain?]e.
Sgribhni na Fodla ar h'fiaghain
sliocht Cholla Uais ainmianaigh
me do thuig treisi a sochar
m[eisi?] is cuid [da?] [c?...]achad.
[Der?] dom fiachaibh in obair
in tir a ttangodair[s]
maith gac sgel bhenfus re bun
do-dhen senchus a sochar.
Sirid na Colla no cath
ar Fhiachaid airdri Temrach
clair foidshen fa haille dh'eing
in coigedh haighi dh'Erinn.
Fiachaid Sraiftine in saoirfer
tuc cath os da chomaoidemh
da *toil do na tri Collaib
rí nar fhan re agollaim.
Tuitis Fiachaid flaith Banbha
ris na Collaib cathchalma
ger dhoilig a gcer[t] catha
teacht d'oighid in ard[fh]latha.
[Mu]iredhach Tirech troigh seng
mar fuair ardfhlaithes Erenn
na Colla eider fhein Alban
nir beim orra n-ionnarbad.
Ingen rígh Alban gan oil
Aileach fhionnchaomh a mathair
in triar basbhog nar claon cert
do ghabsod da taobh treiseacht.
Treabh is leth Alban uile
mur sgaoiles gac sgeluighi
tarla don fhodmaidh aca
ogmadh chalma churata.
[Cur]thar teachta druim ar druim
ar cend na laoch o Liatruim

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

tar in muir n-ardghloin n-enaigh
soir go hAlbain oilenaigh.
16 Marbad Fhiachaid folt na sreth
maithis Muiredhach tírech
dhaibh ar son theachta don tir
ar ndol ar eachtra [on?] airdrigh.
17 An treas cuid da gac coiged
frith leo d'egla in urcoidegh
na tri dregain on mBoinn mbinn
ni sloigh narbh egail d'Erinn.
18 Baile in gac triocha tugadh
dhoibh a ndiaigh a ndernudar
ionns (?) med fhioca na bfer
triocha cead in gach coigedh.
19 Teach [...] baile ni brég [36b]
aca a bhFodla na bhfinngeg
garrdha gacha baile a-bus
tarla ar n-aire ara senchus.
20 [.....] ach lem
a gcoig coigedhaibh Eirend
dail [mna?] gan ched don Collfhuil
is terc lá nar leghomair.
21 [...fe]chtus no a n-aonach
dar nochtadh arm iolfhaobrach
da n-anair go ham bhfedma
fadháil na lann loinnerdha.
22 An trath nach bid ar buannacht
siol gColla 'sa gciomhchuanlucht
d'imlibh coillgheala clair Bhregh
coinnmedha dháibh do dlighead.
23 [Ced?] gabhala giall go grod
taobh maith d'ollamh no dh'esbog
mas fior rádh gacha rolla
a-ta ag siol na senCholla.
24 Ni dhiolaid éraic fhola
acht fuil 'na fuil ionghoile
maith d'fuil chrechtaigh Cholla
a bhfuil d'echtaibh etorra.
25 Cumairce go cend mbliadhna
dlighid do reir roriaghla
cadhas d'foghbhail fa iadh mBreagh
& orlaim giall Ghaoidheal.
26 Tosach leptha ria luighi
tos foilce a bhfolt bhfionnbhuidhe
da nós tar thighi a tteglaigh
tos dighi eider dhailemnaibh.
27 Ni dlighid broga do bhein
do troighthibh airdrigh a[irm?]gheir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

buain a mbrog is diobh dleghar
mas fior ród na righleabhar.
28 Iul craobhsgaoilidh na gColla
trath dha faisneis et[orr]a
[...] me o bhfuighthe in t-eolas
do-cluinfe in te toigeorus.
29 A hAlbain tar ler a-le
gabhsad sliocht Eoin na hIle
sluagh narb éighrinn ar fhéghain
cuan a nEirinn oilenaigh.
30 Saorsliocht spranc- (?) na spor
gabsad cuan a gcrich Ulad
d'eis sheol a long do legadh
gleodh go lonn do luaighedar.
31 Sliocht Domhnaill meic Raghnaill riam
d[o chi]arsad cuigedh Ghailian
meic riogh fa rodoilgi a gcath
is diobh Somhairle siublach.
32 Sithach in dornain derc mall
gabuis nert ni nert cumhang
in curaid fa taibhdeoir thiar
d'aimdheoin a Mumain Maicniad.
33 Gabhlan oile reil go rath
tainic fan bfonn-sa bFiachrach
na fir narbh fann a ccosgar
o hsin tall a ttuarusdal.
34 Do gabhail tig a-nall[s]
Toirdhealbhach mor na madhmann
ar tteacht tar áth na hEirne
do bhen a cach comeirghi.
35 Clann mhor ag Toirrdhealbhach tren
mac Marcais na n-arm n-áithger
in t-iul nach fuair frem Cholla
do-ber uaim a n-anmonna.
36 Aodh Buidhe Feradhach Fionn
Toirrdhealbhach óg da n-armhiom
na tri meic os duinn dleghar
reic a ttri nglun nginealaigh.
37 Mac so nach eider d'fholach
do bí fós ag Feradhach
triur & cethrar don cloinn
do-geabhthar a n-iul agoinn.
38 Donnchad Ruadh is Ruadhri Óg
días fa nertmhar a-nallod
ar ealadhain nir bhoing béim
do chloinn Feradhaig iad-sein.
39 Toirrdealbhach Ruadh in ruisg mhoill
Dunadhach is da deghcloinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

in ncr- (?) fa fion dob ferr
is diobh Bhaltar na mbeimenn.
40 Aongus & Brian buidhe
da leoghan na laochraide
roidhne don chaomhchloinn chédna
saorcroinn fhailme fhirénda.
41 Ruadhri mac Toirrdhealbaig trein
cnu [...] nar [t?]oill [t]obheim
craobh lomlan buadha re boing
gabhlan chuanna don crobhoing.
42 Domnall mac Maoil Mhuire moill
a cheilt tar cach ni fhedfoinn
biad(h) fein da gcomroinn on chiort
do freim Domnaill i ndedhshliocht.
43 Da n-anoir do airmhi me
clann Domnaill o iath Íle
mar tá mo cheile cubhaigh
do ghradh^{r} f(h)reimhe Feradhaig.
44 Sliocht Ao[i]dh Buidhe fa beacht linn
is da n-anoir a n-airbhim
fer nar chlaon duine ar doman
Aodh Buidhe re brethnoghad.
45 G[...] gan esbaid ni fhuil
se fiched glún do ghluinibh
fir na roinn duas re damaibh
o gcloinn suas go [sen?]Adhaim.
46 Ceithre fichit bliaghan buan
'sa hocht eile re iomluagh
mile ['s] cuig cead gan chol
ni breg in duain^{r} da derbhad
o rug in Ogh Mac re mes
dar lat ni hol gan aoibnes. [Date 1588]
47 Sg[uirem?] da sgelaib fesda
a lucht iarrtha in aincesda
doirbh cor re freagra gach fir
a sgol gacha hegna eisdigh. Eisd ...

212

Éisdidh re subháilcibh Aodh
[RIA 6 (23/I/40), 19]
[Deibhí, Ógláchas with irregular syllable count]

1 Eisdi re subhailcibh Aodh
síol Roigh a ghasraidh nembaoth
's go bráth a shíol cCuinn na ccath
eisdi sochar mhar ccliabhna.
2 Do chedneithibh uaislighios céim
a mhacaoimh óig nar thuill tobhéim

Roinn na Coláiste, Col. na Tríonóide, TCD

mur do troid ’s gan é fó nech
le brot ar sráid go neimhneach.
3 Faoi Gustabhus ba mor rath
nochtas ar tús a bhratach
’s do chlaoi re clesuibh goile
togha sloigh an impire.
4 Air chount Mansfield fós a-muigh
ni bhiadh bloghadh no esbhuigh
no lantscrau uair-.a (?) air
da bhfanadh Aodh ’na bhfochair
5 T(t)imchioll oistín riamh nír luigh
’s go bráth ní do chois telluigh
ar ccur rot sel a sac
do bhi Aodh acht ag comhrac.
6 Gan techt air a n-am chatha
no air gach mac deghfhlatha
dar dhichenn air ghlun glan
más fior d’eólus na n-ughdar.
7 Ní lia curaigh gasta grinn
do tresgradh lé Co[i]n g[C]ulainn
nó cárta as chopan do thuit
re deghmhac Taidhg an Fhiona.
8 Tar éis na n-echt-sa thug móid
siocháin a locht don Trinóid
’s go mbiadh ar choinsias na nGall
no a n-ord San Proinsias tamal[l].
9 Acht air n-obad ni fer dile
ó grasaibh na haibíde
gluaisios a churach tar tuinn
’stigh gan fhuireach [go?] Loinduin.
10 An sein ar ttiompo dom ghrádh
a chreidemh sa Cháta a n-énla
do ghlac biobladh De gan ghus
’s tug druim le Pius Quuintus.
11 Do thegaisc an buabhall binn
o soin grineall gan cuintinn
do réir bhreithre Críost gurbh é
papa anticríο[.....].
12 Fa chúrsa na sagart nglan [20]
do thegaisc ar lorg na n-absdal
bíobh ag gach aon abaidh f- (?)
go cced don Róimh ’sa naoimhmhic.
13 Do thegaisc fos do reir Phóil
céim lé n-uaislighther onóir
nach cóir do nech dóigh do chur
a naomh na [a] n-óigh na [a] n-absdal.
14 Air phurgadóir nach cóir benn
go bráth loghadh na n-aifrionn

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

do thegaisc gur gniomh buile
an pápa os cenn comhuirle.
15 Do derbaigh sé thall 's abhus
nar tuigedh riamh Sant Semus
do thaobh na hola mar budh coir
ré pápa nus o Ghregóir.
16 Leghthar lé gach mnaoi 's gach fer
mar a-deir Eóin 'na shoisgel
an sgrioptúr ag so an chóir
mur dherbhus Aodh 'na shenmóir.
17 Gan apocripha do chur
go brath a mesg an sgriptur
do derbhadh fós mór an rath
o nach bfrioth siad san abhra.
18 Os cenn a ndubhramar sonn
nír sgriobhadh le Melancton
no le Cailbhín mor an obuir
nar chuir Aodh do ghlanmheabhuir.
19 No le Tomás an doctur ard
le Scotus no San Bernard
no le Bellar (?) mín go rath
carruic chreidemh na Romha.
20 Ní bfrith a ngaisgid no a ngrenn
béim ar Aodh no a leighionn
acht gan e bheith fuar no te
no fa chreidmh cruaidh cinte.
21 Sel do 'na pháp aire a-mhain
sel oile 'na phuritáin
nír ob riaghuil cruaid da bhfuil
's tá sé bliadhain 'na dheochain.
22 Da madh dubh an mhuir mór
da mad papéir an t-aidheór
a ghrasa ni chuirfi a ccrich
ag sin dhaoibh & eisdi.

213

Eolaigh an chogaidh clann Fhearghais
[TCD 1363 (H.4.22), The 'Seithfín' Duanaire, 142]
Seiffin Mor cecinit
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]
To Uilliam (Mac Seaáin, mac mic Dhomhnaill, mac Gráinne) Ó Ferghuil

1 Eoluig in cogaidh clann Fergois
clann obthur fa imghuin
clann isa n-uaman ar amsaib
re mbualadh ni bidhgaid
co tús na troda ni thoirnid
luth ortha co hirghail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

clann dan leigthi in t-ath ’na honchoin
a n-eire a n-agh imcraid
cúaine ferchon don fhein Ulltaig
nar leic eallach d’fhidhbaid
ga beg dá choiméd in clann-sin
gach leth d’oilén Finntain.

2 Fer don cloinn-si is airdi airemh
ar taidbsi os gac taisech
Uilliam O Ferghuil folt gluinech
lé ndergthur tor taeibghel
dobudh dil ar anair ededh
is gabail re gaib-sin
féidm ar loiniper ’ga linad
coinicer a cráissiuch
slegh remur a tres ’con taisech
ac cepadh cnedh caeilslegh.

3 Fillter in glún aigi a n-irghail
a tus aicme Ferghais(s)
feidm bud cosmail risin cloinn-sin
a trodaib ar thenchair (?)
criter cloidim chrúaidh I Conmaic
uaim co doirsib dergaidh
badhb ac teithedh rena tenntib
lann eitrech Í Fergail.

4 Mac mic Domnaill nár íar úaignes
clíar co donnchuirm dúscis
slúadh na hAnghaili ara enghuth
in glanbuinne gnúisghel
le cuid do bhrig a bhreth ndirech
gac sreb sís do súidhed
cuill ac cromadh fana cnuasach
bogfochan ac buiredh
gan sruth da issle gan iascach
sa tír-si fan túisec
in tír thoictec-sa fan taisec
coimesta ré cúiged.

5 Re linn Í Fergail san fhíadh-sa
sengfaid[h] gac linn linta
gan troigh a-nís ac ess úatha
do brigh a bhreth righdha
muilli na sreb caintech cael-sa
budh aidbsech a n-ítta
bud fada i n-aentoma úatha
caelsrotha na ccrích-sa
muilli ar thobruib re tes Márta
lesg cognuid a círa.

6 Mac meic Domnaill re hucht n-ughdur
co donnchuirm o dhabhchaib

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gac a tig do chís I Chonmaic
'ga dhíl ar digh Frangcuigh
acht a téid ón fheithmech ordhuirc
ar enech 's ar almsaib [143]
díl na clíar am-mach o muinntir
rath don íath nar fhalmaig
ní chronuigh oirecht I Ferghail
a n-oinech gan arguin.

7 Mac Seaain ón troid suil térna
do choisg tegmáil tóra
naí láeich do thoit leisin triath-sa
fá mnaí fhuilt mar ómra
tóir trom ac tobach na ríghna
far corcradh colg órdha
cruach críadh ré cois na mná-sa
fár thoit triath na tora
deredh curaidh o cráib Cruachna
ac mnái Usguir ordha.

8 Coin inn Ánghalaig ar íallaib
'na *n-échtchor- fíchmair
téd da ríar ar fhod in fhássaigh
do-niad cosg a cícrais
beóir ara echtra 'con fhénidh
lé feóil ealta íbthur
mineic echlach ina fíanboith
ac reachtus do righain.

9 Bárc donn tré chúan ac hua Chonmaic
'sa cuan long 'na lenmain
long dá tuc aithne gach inbheir
fá lucht d'aicme Ferghuis
long sin is hí mur in Ibhruigh
ní fhuil crích nar cennsaigh
ní thuillid comtha in fháid Ulltaig
a mbáirc fhoda Í F[h]erghail.

10 Fuidhli na n-eiges re hUllaib
gégcleth an dá ghlasshúl
feidm ar cathbharruib fán caislén
gur gababhair Galldhún
gemle 'cot fhéin ag an athghles
tar éis t'fergi d'fhadúgh
do geimel fhúarthais a Uilliam
'na buaruigh ar bharun.

11 Do dhá sleigh a geilmeic Gráinne
da tenntigh is treigthi
neim ar coghnaduib at chuirt-si
o omnadhuibh fheine
cletha rúadha ac breith in baire
do neim uadha ac eirghi

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

sailter neim a nghar dot ghái b-si
do beth ar gaib greine.
12 Fad bonnaib at cuid don clíathaig
fuil ’na tobruibh téchtaidh
do brisis berna ré mbuannaib
do menma do medaigh
a n-am *i n-anocuil d’iarraid
Sacsanuigh ac *slechtaigh
seal do Ghallaib ar a ngluinib
a cathaib ód chédfrais
co denam h’áthuis ar íarluib
na hálaid (?) nir fechad
do ghabháil ar fhuil a n-éigin
suip chadais ad crechtaibh.
13 Ret imrum luath bera bidhgadh
fechfa cuan ré cablach
ac dol tre ceóbhuinne chubhrac
seólfaide co sanntac
co taibhgi comtha crich mbhidhbad
ní dín ortha anfad
ní fost a[n]cuire ott imrim
at aghuigh-si ar [a]rt[h]ruch.
14 A meic Gráine na cleth cennfhúar
dan beac raiti a raslógh
legter lat ara lorg mochrach
a-mac an corr coslúath
do thoit le coimling na cor-ud
a coimling nir combuan
do cú ’na hacuiri a Uilliam
a carruighi coslúath.
15 Ben agus (?) sodh is seabhac
ar fad fedh at fharrad
seal a ndroibelaib a ndruinech
’s a n-oilénuib agat
do smuain inn ingen a falacht
mur innlecht ar fhastad
do-ní re teacht chloich dá curach
ben rét cois a caladh.
16 Cuid in cintaigh ar gac caelsreib
duis biluir ’na brúachaib
uisce na sreb ngormghlas gédaigh
fledh h’fodhladh i n-uamaidh
ní len dá oidhchi ar an énboith [144]
terc coillti nar cúartaig
ni an do chintac sa chéidtigh
ré licadh don lúachair
fúarais bert fochluicc a fíanboith
t’fer cogaid do chnuasaidh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

17 A meic righdha a-ta ’gun táisech
na righna ó chlár Cruachan
ar ndergadh na cerdcha cruissech
dergthar berna ód búalad
mur nar dhislighis a ndiadhacht
nir íslighis t’úabur
gell ac dol ó chách dot chleirchecht
mur so a-tá do thúatacht.

18 Do bárc donn os ardmuir Íle
long co cadbluib cnaibi
long mur in Ibhraigh ar uaisli
long do timsaig tainti
a llan d’ellach ar loch léi-si
o Phort lethan Lairgi
t’ellta ghlan(a) co slatuib sidhe
brat baguir do bhairci.

19 Do digh datha *dhúnn gur dhílta
do chuirn fhada fhiara
deocha fírmera ar an fhésta
righfhledha ’gut ríar-sa
cér ’na morthapraib at mur-sa
fat ormasluib íatta
do masail áille eng n-órtha
fa medhg caissi ciartha.

20 As tuicthi ar úrdhacht in Ultaig
ar ndhuthchus nír dermaid
ni hingnad do-san on droing-sin
mordhacht ina meanmain
ar fhuil in Croibdeirg do chuimnigh
ar toirrling a tenntuid
dligid se cur leisin cloinn-sin
ní guth é d’ua Fhergail
ni bhía sidh aicci ré hUltaib
gan chís d’aicme Fherghais.

21 A mbuntrath do an a n-uaignes
is cach a car craithedh
tar éis dunta in lebair leigis
gebaid cupla craisech
co tráth a espurta d’eistecht
merthroda ’ga maeidim
dres ar a lebraib ’gá leghadh
ré tenntaidh ’gon taisech.

22 Long brec re cach ac hua Conmaic
is tearc tracht nar timchuil
grian a ccogad ar an cairb-sin
tri a fostadh gach inbeir
móidi tart gach buinne balbghlais
nách gar uisgi d’innsib

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

baegal do báirc fhada I Fergail
traigh lachta ar na linntib.
23 Coimdhe gach lái don fíal foltclaen
an scíath do ghain (?) Goban
& luirech asnach innfhuar
do caradh lé Conán
biaidh a cathlann acá coiméd
isa cathbarr clochbán
timna laeich 'na arm ac Uilliam
in lann do bái ac Bolcan.
24 Do tráethad fherge inn oic fholtcaiss
merci sroill re sledhuib
cloigmi con n-ór os fir Oilig
in slógh cnicht co certaigh
a díl d'arm chuigi co cathaib
gan uilli gan easbaid
da cráisseth foda ac craib Clochair
gái chopa do chnedhaib
a téid ó rígh Bailli ar bernuid
áibhne don ti torchair
séla na crech ar fhíadh Fhinntain
is terc íath nár fhalmaig
ní thibra slat aighne d'amsaib
ní gabh cairde chomruig
comtha ní icfa re n-irghail
'sna cricha fá chomthaib
mairc is fhoicsi d'iath I Fergail
's can riar chloindi Conmhaic.
25 Mac Seaain meic Domnuill dúasbuig [145]
ga dograing nár deonaigh
benfaid súd in fhód a fiadhuil
a tus na slógh seolfaid
ní decair léa gruaidh mur grisaigh
cuairt a leabaid leomhuin
fer ler cosnad ath ar iarlaib
lamh ler blodhadh beotroid (bidhbad)
fuidhle druadh 'na geis ní gébthuir
in sluadh sin co seoltair
co nghabthur trén aicci ar éigin
nír fhech d'aithne eolaig. Eoluigh ...

214

Fa a chroidhe cumthar flaitheas
[RIA 92 (24/P/4), 257]
O Fáolan cecinit {Tadhg Ó hUiginn}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fa chroidhe cumthar flaitheas

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

sgaruid cách re comaitheas
rún gach neith(e) dá bhfoighe fear
a leith a chroidhe cuirthear.

2 Flaitheas cumtha fa a chroidhe
a-tá ag áon d'áiridhe[s]
ní hé a chíall go bhfuighe fear
mían a chroidhe acht re caitheamh.

3 On chroidhe as cuid da thoradh
ticc gach maith do mheadoghadh
ticc don mhaitheas do-ní neach
a fhlaitheas go mbí ar biseach.

4 Gion gur comhthrom re croidhe
maitheas meic mheic Rughroidhe
a mhaitheas téid a ttarbha
do mhaitheas Mhéig Mhathghamhna.

5 Niorbh f[h]ulair d'fhior a chroidhe
Eire inis Laoghuire
ní bú creidte dar chan sinn
da rabh ar eite d'Éirinn.

6 An treas cuid do chlar Banbha
a-tá a ccert Mheig Mhathghamhna
do bhíadh a chroidhe os a chionn
da ttrían oile na hÉirionn.

7 Da measdaoi méd a chroidhe
re flaithios fhoid Iugoine
feadh troighe ní théid Banbha
tar chroidhe Mheig Mhathghamhna.

8 Gach cunnradh da raibhe riamh
a hEirinn d'feruibh Oirghíall
da bfhaghadh ní hé ghébhus
gabhadh an té thoigéras.

9 Cunnradh nach inleanta air
da leantaoi lorg a sochoir
cunnradh nach tteid a ttarbha
gan cungnamh Mheig Mathghamhna.

10 Minic do mineaghadh leis
anuabhar fhir an díomais
teid an t-uabhar a n-umhla
ar uamhan Mheig Mhathghamhna.

11 Ní hionmhaoite d'fhior a ghniomh
gúala no uille airdrigh
níor bheg d'anair uadha soin
guala d'fhaghail 'na haghaidh.

12 Braighe re beagan umhla [258]
da sirthea ar Mhag Mathghamhna
a ghlas láimhe lais 'na hór
an bhraighe ar ais ag iompódh.

13 A gceannus chríche Banbha

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

da mbeith rí gan fhrasabhra
ní fuil acht géill ar ghiallaibh
mur sin on fhéin Oirghíallaigh.
14 Uime nach aireobha sinn
sochair Oirghíalla ar Éirinn
aithnidh dhamh íad ré haimsir
nar ghabh síad na sochoir-sin.
15 Muna leantaoi leatrom sgéal
ar fionnfhuil Eachach Duibhlén
síol Néill ní neasa do rath
do réir fheasa na n-eolach.
16 Ionann mas f[h]íor na leabhair
uaisleacht a ngéag genealaigh
fa choimhriaghuil is cubaidh
Oirghiallaigh is Eoghunaidh.
17 Ionann ceart ar chlár Banbha
d'Ó Néill is Mhag Mathghamhna
acht cennus 'gan té is treisi
do ghealluss é d'innisi.
18 Fúarus cúis nar chuirthe a suim
ar ainbfhios lochta an leathtruim
do-gheabha a láoi[bh] 'sa leabhar
sgéala dháoibh re deimhniughadh.
19 Inneosad dháoibh go nua a-nois
seinsgéla catha Cnaimhrois
ní gheibh mé acht eól go hinnill
a seól ní *seadh íslighim.
20 Inneosad athaidh oile
oighidh Fhiachaidh Sraibhtine
do sgrios m'eol[as]-sa madh áil
dom eólus-[s]a a fhios d'fhaghail.
21 Fiachaidh Sraibhtine as é a ccath
torchar la Breasal mBélach
ní dár ttáobh bhías a mbathadh
mar-áon 'sa dhías derbhrathar.
22 Clann rí[ogh] Érionn anba an sgél
Eochaidh is Eathach Duibhlén
do-gheabha talluin re ttaoibh
do sgéala ar chlannuibh Cathaoir.
23 Trí mhíle curadh san ccath [259]
torcar le Breasal mBélach
a n-aireamh fíre is [s]é sin
ar sé mhíle do mhíltibh.
24 Náoi míle ga mo pudha(i)r
díoth o cCuinn san ccathughadh
ge tugadh *ór oruibh sin
torchair a lán do Laghnibh.
25 Cnamhros do-chluintí da ghairm

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ón chath-sin fuair an forainm
iul mar sin ní mé meallfas
as é [a-]dir an dinnseanchus.
26 A lucht leaghtha na leabhar
'ga bhfuil gach iúl d'fhoillsughadh
mas ar sgéluibh berar breith
fechaidh an Leabhar Laighneach.
27 Tar eis léaghtha na leabhar
ní husaide m'fheilioghadh
léigfe mé uile an t-eólas
ar luighe an té thoigeoras.
28 "Ceathra bliadhna Colla íar ccath
'na (h)airdrí tolcha Teamhrach"
in rann-sa créd far cumadh
mas brég dhamh-sa a ndubhramar.
29 Do ghabh ceannus chlair na bhFionn
Colla Úais darbh ainm Cairioll
ní caol an ród a riaghail
Áodh Óg & Oirghíallaigh.
30 'Na aghaidh ní hádhbhar teinn
a bhfuil 'na égmais d'Éirinn
ris féin[e] a bhfuair fa ghalladh
Éire is úair da hagallamh.
31 Da nduthaigh Boinn is Banna
'sa bhfuil d'aibhnibh eatorra
fuinn cnódhonna a [n]gealann grían
toranna fhero(i)nn Oirghiall.
32 A n-abraim is amhnair linn
muna furthacht é d'Éirinn
téid sinn a ttaithleach teangadh
aithreach linn ar luaghemar.
33 Banbha muna beith fa chion(n)
da leantaoi lorg na sinnsear
is duit budh duthaigh Eamhuin
cuid dot dhuthaigh dheaghanaigh.
34 Da bfhaghtha mur frí[oth] romhuibh [260]
cennus cóigidh Conqubhair
luach t'fhéile uile a-mhains
dot threighe uile a fhaghail.
35 Do chlú os cionn gach aonfhir
lúach is f[h]eárr ar th'iolmhaoinibh
a bhfuair tusa ar son na séad
usa na an crodh do choimhéd.
36 Gan grádh d'ionnmhus no d'eallach
agad acht [a] aithearrach
ní sibh cealgthur ar an ccrodh
mealltur mur sin an saoghal.
37 Ní bhí comhla réd chroidhe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag anmhuin re himpidhe
ní déine é ina h'eineach
an té is f[h]éile d'impidheach.

38 Na taisgidhe ar a ttéid glas
do sheóid úaisle na hionnmus
teagh séad í Chuinn gan chomhlaidh
do bhuing a *héad d'ollamhnaibh.

39 Na taisgidhe téid a-mugha[s]
mas fíor d'iu(i)l gach érlumha
a-táid ar cuimhne ag Aodh óg
fuighle na naomh a-nallód.

40 Eireannaigh is clann Cholla
's ní d'iomarbhaigh eotorra
téid a leith ar fhéile d'Aodh
ge do bheith Éire d'éntaobh.

41 Ní fairsing croidhe dá mhéd
do rún croidhe meic Mairghrég
da féile go ttí a thogha
an rí is Éire a n-aontogha. Fa ...

215

Fa a urraidh labhras leac Theamhrach
[O'Conor Don, 366a]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Fa urraidh labras lec Themhrach
ag togha rí[ogh] ní rian gnáth
tig don leic do lábra núachuir
Banbha mheic Túathuil do tháth.

2 Lé géisedh mbinn ag brath urradh
iongnadh labras an lía Fáil
tug a ghniom dá char ó chonchloinn
bladh an ríogh ós tromchloinn Táil.

3 Dúthcha do léic labra d'airdrígh
iongnadh lé cách a ccan sí
ag cosnamh ríghe an chláir coimhmín
fáidh fíre don oirridh í.

4 Gerbh iomdha láoch go leic Themhra
nír toghadh fós as fíor dháibh
fer fa mhenmuin meic Í Cheallaigh
'gun leic chernuigh bhennaigh bháin.

5 Úrsa chogaidh criche Medhbha
Mac Uilliam da n-ísligh dair
as líaide máoir ar ghort ghealChuinn
gan smacht ó Mháoil Eachluinn air.

6 Geall na slógh ag sliocht na cColla
céim ós a ccionn ag cleith ráth
mar fhásas síon fhada erruigh

Royal Irish Academy, Corpus Trionóide, TCD

aga ag síol cCeallaigh ó chách.

7 Cuma aithríoghtha fhían mBanbha
bidh ag onchoin Átha Líag
'na rígh lé a mbí d'fhíonfhuil Fhéilim
ríoghuidh an rí ar Eirinn íad.

8 Cách 'ga léim lé láochruidh Súca
sirid iomguin obaid síoth
ní gar do purt cloinne Ceallaigh
port a ccoinne um chendaibh críoch.

9 Fochan gorm ar ghortuibh bána
bláth gach doire ar dheallradh chroich
mar bhrisiodh sáor éduigh úaine
bráon tre ghéguibh núaidhe um nóin.

10 Bric ag léim ós linntibh soillsi
saithe binne ar barruibh cleth
cupa geala fa chlár cclochair
go lán meala a mbothaibh bech.

11 Anfadh gáoithe fá gort mBanba
bréid tana ní thógbhann d'fult
tesbhach san sín do chráoibh Chlúaine
do sgáoil sdím úaine fá ucht.

12 Luin ag coimhsheinm um chlár Suca [366b]
ré sruth mbog as binn a nuall
d'ísle na sreabh cciúin d'Ú Cheallaigh
ben ar sdiúir tar cennuibh cúan.

13 Glór na laoch ar loighe ghréine
ré a grúadh mbhregdha ar mbrisiodh les
da a ghnúis réidh mar an ré ngonta
fa a ghné féin ag tochta ón treas.

14 Cúis ón toirrthech(t) tracht gach inbhir
ádhbhar ón trom toradh gég
d'íoc do chena mun cclár solas
fedha is trágh fa thomhus téd.

15 Fíon da dháil a dábhchoibh corra
cách 'na ttoirrchim ar taobh cnuic
triallid sreabha innsi hEalga
fledha millsi dearga dhuit.

16 Ag gabháil creach im chlár nÉirenn
gidh aisdrec ort d'aithle an áigh
tig dod chomhnaidhi a trath troda
táth gormmhuige foda Fáil.

17 Slógh ós port ad phoiblibh úaine
ní airigh gáoith ní gabh tes
téda seóil ós tealtaibh troma
eóin dod sheabhcaibh orra ós es.

18 Ní meinic bhíos ós báirc lethain
a lán gáoithe a nglotain siúil
ó bhúadhuibh arm as cloch ccengail

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

loch charbh d'Ú Chealla<u>igh</u> go ciúin.

19 Lé gáoit[h] moill a maidnibh gréine
ní ghlúais b(h)ráon do bharruib gég
cuiridh srían ris an sín ngemhraigh
triall don rígh ó ghealmhuig[h] Greg.

20 Cuisle tráigh a ttáobh gach locha
mar leig n-álainn a húaim chuirn
leghaid bruinne eala ar édtraigh
sreabha buinne ghégbháin ghuirm.

21 Cnuic mhíne fa mháoilinn Uisnigh
mar fhoirne corra ar chlár ngeal
tulach chorcra go ccígh n-áluinn
ar mín ochta bhánfhuin[n] Bhreagh.

22 Musglaidh cuirm a ccornuibh úaine
ábra ag dúnadh um dheirc chuirr
sínidh slógh ré tegh nár tuighedh
sról geal ar cuiredh Í Chuinn.

23 Lé sleigh leabhair ag léim chatha
cuiridh croidhe fan ccígh ndes
lúas ar ghéig Bhregh is na buillibh
mar théid fer tuillimh a ttreas.

24 Ag cur ghlas ar ghiallaibh Danar
's ag díol éigios innsi Fáil
sínidh anbhúain chloinne Ceallaigh
coinne dhaghshluaigh theallaigh Tháil.

25 Gan ghúais moráin ar Mháoil Eachlainn
ré hucht ttroda ma terc bhíos
a ccaithfe an flaith ré fedh fághla
do mhaith fer Carna da chíos.

26 D'aithle iorgal fhéine Cruachan
creidid cách ar chan an fáidh
glésdar groidhe ar ghlór sgríbhinn [367a]
ag slógh mhoighe fínfhinn Fáil.

27 Earrla donn ós dhreich ríoghdha[s]
réisi ón malaigh is mín calg
do chennaigh cách mur port bParrtais
a ttocht ad ráth airmthais ard.

28 Dóirter cuirm a cornaibh úaine
d'aithle ghlésda bur ngredh seng
miodh is fíon fa sech[.....]
[.....].

29 Binne lé Gáoidheal glór th'echlach
d'iomad brághad bhíos ad phurt
fregraid slúaigh brechmhuighe Banbha
techtaire a n-úair fhaghla as t'ucht.

30 D'fhuighlibh grád dod grúadhaib corcra
caruidh ben do bruinne sheng
braithidh súdh finnmer na bfíoncháor

Royal Irish Academy, Cód. na Tríonóide, TCD

rún inghen ccíochmháol fad chenn.
31 Fairsing léi-si leabaidh chumhong
ré cnes leomhain Locha Cé
rioghan go Máol seda Sechlainn
leaba cháol 'ga lethroinn lé.
32 Búailte corcra ó chlocaibh brághad
ar bruinne an láoich linges cheilg
áidbhsi ag mnáibh da ccighib corra
láimh ré mílidh Droma Deirg.
33 Ga cor do mhealladh Mháoil Eachluinn
ó shíth Boinne na mbenn nglan
go pupaill churadh chnuic Múaidhe
cumhal bruit uaine ní an.
34 D'aithle a múinte ó mhac Í Cheallaigh
clesa Finn ag foirinn ghiall
geill ar úrlainn mhúir an Mhainigh
ag fóghlaim lúidh dhaighFhir Dhíadh.
35 An mionn tighe a-ta san phailís
port ina mbíd bráighde Gall
fada an tegh a-ta ag Ó cCeallaigh
's ní eadh in lá erraig[h] and.
36 Meinic dhergas dreagan Sionna
sáighde lúatha a lághruibh glac
feraid(h) méra corra Í Cheallaigh
déra donna a srengaibh slat.
37 Ferthoin chnó ós cionn na Suca
ar slios tuinne tógbaidh bháilg
a brosdadh d'ar an fhuinn Mhainigh
ní thuill damh a n-aighidh áird.
38 Máoir Í Cheallaigh um chlár nÉirionn
aisdreac dhóibh go deiredh láoi
le lúach tabhaigh na ccen chaithes
raghaidh fer a bflaithes fáoi.
39 Fochan menman do Mháoil Eachloinn
airgidh íath tar iomad slóigh
d'egla a lann ag cor na cclíachdha
um crodh Gall ni iarrfa fhóir. Fa ...

216

Fada a gcairt ó Chloinn Dálaigh
[NLI G 167, 120 (second copy)]
[An] Cuchoigrice cenna cecinit [Ó Cléirigh (119)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fada a ccairt o chloinn Dálaigh
díoth cuimhne ar a ccédchánaidh
gan cuimhne ar sheaneól chlair Cuinn
a[s] nair le cineol cConuill.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

2 Gnáth ag seanchoidhibh chlair Cuinn
cairte Gaoidheal riamh romhuinn
mar sin do chairt bfear nOiligh
cairt a sean ’ga seanchoidhibh.

3 Cairt a n-aithredh dob iad soin
móide as iongnamh d’fuil Dálaigh
a ttred fileadh fein ar faill
a ccéin o chineadh Conaill.

4 Iul Banbha gi be ’ga bfuil
sealbh Ui Dhomhnaill chlair Cobhthaigh
cairt na seilbhe as sé a seanchaidh
an te as eidhre d’Éireannchaibh.

5 Cairt a chinidh a crích Neill
o mhac meic Aodha a n-imchéin
*ni sinn budh cóir d’agra ann
doibh da tagra ni thiocfam.

6 A chána troma ar chrích cCuinn
fed[h] m’oirbire ar fhuil cConuill
nár faghail na cána ar ceilt
ar damadh tana an tuaiscceirt.

7 Cóir Chonallach (?) ar chloinn Neill
an fedh bhém uatha(dh) a n-imchéin
*ni sinn budh cóir d’agra ann
dhóibh da ttagra ni thiocfam.

8 Cumhain leam ni leam a-mháin
da mbéinn uair gan a admhail
gibe a-niodh *do-niodh Manchaigh
siad fa chion do Chonallchaibh.

9 Do-chonna(i)rc an chairt ’na bfuil
ni da hadmhail d’fuil Dálaigh
ga heang nar chuir re chéile
o Dhuibh go cenn Coirrshléibhe.

10 Luach gan mo bheith sa tír thall
o thárlá eolus agam
mar gach cion gan ríomh rachaidh
ar ccion riogh le Ruarcachaibh.

11 Rí Éirne acht gidh aithnidh dhamh
trom a fhíach ar fhonn cCruachan
ar sena a biodhbadh báidh linn
a chóir ar fhionnmhagh nOilill.

12 Eolus ar oirbheirt a shean [121]
fa Cheann Choraidh fa Chaiseal
go mbém ’na ngoire as tír thall
do rí Doire ni dhiongnam.

13 Fiú ar bfola fa ghort Gaillmhe
dhóibh a-nois nach nochtfaim-ne
sgeala a maicne roimhe riamh
a ngoire d’aicme Uilliam.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

14 Mór n-ádhbhar farbh eigen damh
tabhairt chúil d'airdrigh Uladh
ni hí an tol nar fhill tar ais
ni sinn do an 'na éagmhais.

15 Tar eis mh'oirbhire as é a shuim
ni fhed sinn seachna Ui Dhomhnaill
máor tabaigh na toile a-nunn
an croidhe raghaidh romhuinn.

16 Fuarus sgél oirdherc orthaibh
teid a cclú do Chonallchaibh
an sgél mar fuair gach file
do-bhér uaim tar m'oirbhire.

17 An sgél fuarus fada o shoin
tainic a ccuan Chinn Mhaghair
*dáimh go n-aoibheall áigh orthaibh
táin laoidheng do Lochlannchaibh.

18 Od-chualaidh a tteacht tar tuinn
Eigneachan rí chlann gConaill
téid 'na cceann ar tteachta o thigh
ga heachtra as f[h]err do éirigh.

19 Ar ndol 'na cceann leath ar leath
siad uile ag iarraidh ainbhreath
*táin go n-aoibheall áigh orthaibh
tain laoidheng do Lochlannchaibh.

20 Smuaines Éigneachan ann sin
ger lia iad-san 'na aghaidh
fian Danar ar tteacht tar tuinn
gan anadh re cert comhluinn.

21 Oidhre Dálaigh na nderc mall
nochtas arm cian o chothram
ger fhéach sé fhaobhar orthaibh
baoghal é eider allmhurchaibh.

22 Mac rígh Lochlann nar ob troid
do thuit i ttús an chomhroig
clar Cuinn 'na theigleachlár tug
re hÉigneachan fhuinn Fhánad.

23 Fian Lochlann i ttreas ger thuit [122]
re siol cConaill iúl oirdheirc
cia dhiobh nar fhégh a arma
tréd 'sa sídh nach soshnadhma.

24 Roinni(o)s airdri(gh) chinidh Cuinn
maithes na laoch a Lochluinn
sé 'na chárn fa chath nGaoidheal
sgáth a n-arm 'sa n-iolmhaoineadh.

25 Rainig chuige cian *do-chlos
míle uinge da n-ionnmhus
moide a-nallán clú o cCuinn
do *rainic ar chrú Conuill.

Roinn Sáerlie, Col. na Tríonóide, TCD

26 Mac Lonáin ’sa chliar re a chois
don righ ar roinn an ionnmhais
tánaig Flann ceann na cleire
ga dream ann dob aigmhéile.

27 Rí leithe Cuinn nar char cradh
fan ainm-sin do bhí a mbaoghal
mar bhíos neach gan ní ’na láimh
o do-chí is-tech an tromdháimh.

28 Aiseg ionnmhais fhine Cuinn
fuair an rí(gh) o fhreimh Chonuill
on righ do fhuair an t-ollamh
bídh uair ag gach énbhronnadh.

29 Don ri[gh] ’sa chlú do chosain
buaine e no an t-ionnmhas-sin
oirdherc an duais sin do dháil
tar dhuasaibh Floinn meic Lonáin.

30 Ar chur ndeabhtha ar dhail a cruidh
rí as medh don mac-soin Dálaigh
ni bfuighinn súas do chrú Cuinn
acht cnú do chnúas o cConuill.

31 Oidhre Dálaigh nar dhiult sgoil
mac Aodha a c[h]onchlann cubaidh
ar cur nglia(i)dh ar chaitheamh cruidh
do aithin cliar gur chosmhuil.

32 An chuairt-sin do chuartaibh Floinn
i ccenn airdrigh chlann cConoill
dhúinn go mba séd samhail soin
a ghég tharaidh o Theamhraigh.

33 Ni hionann ’sa[n] file Flann
ni dherna a tuaidh acht tadhall
ni tadhall budh thuaidh mo thoil
ni ghabham uaim gan anmhoin.

34 Do dhúasa troma ag tuar gill [123]
minic d’eiccsibh fhóid Fhéilim
meadh dot bhronnadh do chleir cháigh
dot ollamh féin ni furáil.

35 Ga ferr file ’ga bfuighe
do bhronnta a ua ar nAodhui-ne
cóir gan do chaigil fa chradh
doigh nach agaibh do anfadh.

36 Dhuit do-bheradh breith na sen
cóig cána chríche Gaoidheal
a rí as triath do *shliocht Lu(i)ghaidh
fios t’f[h]íach as dom ealadhain.

37 Crioch Ghaoidheal do-gheandís dhuit
do bhreith sgribhinn chraoi Corbmaic
a chrann os f[h]iodh d’aicme Cuinn
do chairt(h)e a-niogh da nochtuinn.

Roinn na Canóige, Col. na Tríonóide, TCD

38 Nár dhaoibh da ndeachaidh i bfaill
cairte diamhra chlann gConaill
cairt chloidhimh ge madh lor libh
a shlógh Oiligh ar uairibh.
39 Ni sgél sin ar chlannaibh Cuinn
a mbeith umhal d'f[h]uil Chonuill
súil aca le hadhbha Néill
na slata ablá a heinfhreimh.
40 Go techt líon a ttineoil ttruim
od-chluinid rún chlann cConuill
siol Eógain na n-uradh gliadh
's leomhain Uladh ar énrian.
41 Trian Conghail cuimhneochaid soin
dioghrais roinn fhreimhe Dálaigh
diamur thana na n-erradh áigh[s]
re gealladh ágha d'einlaimh.
42 Siad ag triall mar táid a lán
clann Uidhilin clann Chathán
caor curadh nar clódh i ttroid
do shlógh Uladh ni fhaghmuid.
43 Lá aca le teacht tar tuinn
líon catha do chloinn nDomhnuill
tiocfa a tuaidh le cru Conuill
riú ni ba huair urfhaghuill.
44 Ni cosmhuil linn a locadh
trí cinnlitre ar gconsopal
re siol Suibhne berar buaidh
deabaidh ni bfuighbe an athuair.
45 Síol Dochartaigh dual a ríomh [124]
baoigheallaigh braithre an airdríogh
umhal *táid do chur comhluinn
budh sgol iad ar aonfhoghluim.
46 Líon glia(i)dh da ghegaibh bunaidh
d'uaislibh craobh clann nGallchubhair
dual do chraoibh duille 'ga díon
ar gach taobh d'uille an airdríogh.
47 Ar nglanadh sgiath is arm n-óir
Fir Mhanach budh trom tionól
táin laoch mar thóir na tána
o fhraoch áigh nach iompábha.
48 An da Bhreifne nach beg sluaigh
curthar gairm orra i n-énúair
cath Aodha Finn fáth uamhain
nach fhill o áth iombualaidh.
49 Do shnáth umha fhóid Lugaidh
cath Sligigh siol Conchubhair
tiocfa an táin o mhúr Meadhbha
go rún áigh 'na n-enealmha.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

50 Clann nDonnchaidh re gealladh gliadh
Fiachraigh (?) Luighne leo ar enrian
gabhail aigh ar a n-amhsaibh
branain an chlair Cruachan-soin.
51 Sluagh eile ni aireabh [air?]
cennus Gaoidheal go ngabhthair
ar sluagh féine an lá bhus linn
a-tá et Eire inghill.
52 Foireann Temhra do thileadh
a srian leó mar léigfidhear
ni baoghal bhar ccána ar ceilt
a aondamh tána an tuaisgeirt.
53 B(h)éraidh eolus d'fine Cuinn
oidhre na ndeich ríogh romhainn
budh reim doimh eoil re n-ealmha
soir i ndeoidh an deichneamhra.
54 Fa tháth Banbha braithim sin
an chairt a-tá ar mo thaisgidh
ge fada uaidh labhrus leis
re Maghnus ni huair aighnis.
55 An fedh bhiam i n-iath Éile
o shiol cCuinn cás oirbhire
sccuirim da ccóir do chuimhne
d'foirinn ar ccláir Conuill-ne.
56 Gan cuimhne ar chairt chríche Floinn [125]
ge madh doiligh d'Ó Dhomhnoill
duilghe arna chur re cheile
sgur do chuimhne a ccathréime.
57 Da n-ana an corp cruaidh an chuing
i bfegmhais rígh chlann gConaill
nach bí leis an ccroidhe ag car
ag righ Oiligh ni anfadh. Fada ...

217

*Fada an ruaig-se ar ríoghraidh Bhreagh
[TCD 1291 (H.1.17), 89b]
Cormac mhac Cerbhaill Meic Conmidhe cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fada an ruaig-si ar ríograidh Bregh(a)
(as) mairg dar lean len a sinnsior
mairg dair síoladh duine dhíobh
cuire d'fionfhuil na n-ardriogh.
2 A-taid ó thosach domhain
re cogthaibh ré coinghaluibh
dá bhfrásghoin air bhfighe chath(adh)
gasraigh thighe na Teamhrach.
3 Gan dul a mbernaibh baoghail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan lot arm nó iolfhaobhuir
tred dar bhfiorghoire gach olc
lionmhaire a n-ecc re hadhort.
4 Ní roichfedh tair rioghfhuil Neil
gan congnamh f[h]eirge in Fhíréin
*bile rioghshlo(i)gh Gaoidheal is Gall
*triath saorfher na saorchlann.
5 A-ta diomdha De athar
d'éis na gcríoch do cheannsachadh
's gach duine reidh re a-roile
ag luighe ar f[h]ein ognoighle (?)
6 Do leagadh a ccloidh corra
ní toimhsder a ttoranna
teid ithir gach reilge o riomh
do bhithin f[h]eirge an Ardrigh.
7 Ní raibh aguinn d'eis gach uilc
acht planda do phor luibhghuirt
sgiath Gaoidheal pór an phlanda
or na saorfher saorclanda.
8 Do benadh uain *d'eis gach uilc [90a]
freamh phlanda an phoir bhennaigh[th]i
don choill-si hithir na nArt
do bhithin choimsi air gcumhacht.
9 Rí na ndul ni raibhe réidh
gan dithlaithredh shíol saoirNeill
do mhaith se fhioch don fheidhain
as e a crioch ar gcinemhuin.
10 *Oíuidh- Thóirrdhealbaigh meic Airt oig
as e as *crioch 'na n-urchoid
oidhghi Art da dherbadh dhaibh
cairt réir sealbadh a siothcháin.
11 Ní cháoinfiom olc da eis so
ni fuigheam adhbhar orchra
beg budh-deasda air ndiol cáoinedh
biom feasda go forbhfaoiligh(e).
12 Choidhche ní cluinfe misi
sgel re gclisfe an croidh[i]-si
neimh na doighe ar f[h]ud Uladh
rug mo chroidhe o chríothnughadh.
13 Níor airghes cneadh mo chinn^{s}
go ttair sgel do *sgaoil- m'intinn
bheidh neimhthinn dhí ni dhlighim
ní hí an inchinn airighim.
14 Níor chronuigheas go hecc Airt
siabhradh ar rinn mo radhairc
ni fan amharc a-taim tinn
slan gan (gan) radha(i)rc da roicinn.
15 A lucht thríallus do thigh(e) oil [90b]

Roinn na Círte, Col. na Tríonóide, TCD

na dailiom acht digh(ra) ndobróin
seachnam tighe oil oile
ar ghloir ibe ar n-eolchuoire.
16 Ar n-aineas a(i)r n-iomad bróin
ar siorghul ar feis chomhoil
siansa chiuin tuirsi in gach teagh
ar ccuisle chiúil ar ccáoinedh.
17 Fan té(i) do b[h]ethaidh mo bhruid
do-chúaidh fuil fhir an fhormuid
a-ta me d'fhormud an fhir
comhlag 's an té ór thuismidh(e).
18 Ní diongnainn deór acht deór ghuil
d'eis imtheacht[a] dhá athair
deor fhola uaim-si 'mun bhfert
tre uaisle a fhola d'imtheacht.
19 Ag siol Neill da niamhthaoi cluig
gan brígh a mbennaicht Phadruig
don ghníomh rá-d chna mo cróidhe
gan bhrígh a-ta an tarngoire.
20 Trúagh gan firén d'aicme Chuinn
budh fiu Art d'fhilleadh oruinn
no saoradh na cloine or chin
ar fhaobhar doirre an Duilimh.
21 Sgela air merbhuilibh mhic Dé
fuairus ga foirbhthe finne
ga ferr sgela sgeoil eile
na freamha an eoin aingli<u>dh</u>i.
22 Mac ridire roimhe so [91a]
san tír a n-aimsir Iosa
le bas do bhithin eigin
ba cás frithir foireigin.
23 [.....]
[.....]
do leag sin glu[i]n da ghuidhe
's do-bhir a uidh dh'urnuighe.
24 Le hathair an ógain tinn
mar do thuig Iosa a inntinn
do leig a mac(h) slan sleamhain
's do ghlac gradh an *ghaisgidhe.
25 Dearbhadh (an) sgeoil do sgaoil(eadh) sinne
tuigidh é 'na fhirinne
no [nó] denuidh mar a-der
feghaidh so risin soisgel.
26 Truagh sinn gan f[h]iren eile
no aithghin na haimsire
do bhi ag taisdeal an talaimh
Ri na ngaisgedh n-egsamhail.
27 Sirim ar mordhacht Mhuire

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mac mhórfhas míorbhuile[s]
dar ndion a mhac samhla sin
do mhac amhra da athair.
28 Doirtem a dhaoine bochta
dera do dhruim duthrachta
gach cean do-ní an uile fher
ní hí Muire nach maithfedh.

239

Fogas cabhair do chrích Bhoirne
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 180a]
Lochlainn Óg O Dálaigh cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Foghas cabhair do chrích Bhoirne
bíaidh 'na cabhair bús túar tnúid[h]
ní gnáth cláon chuimhne 'na leabruibh
fuighle na náomh derbaidh dhúin.

2 Do tairngeir bhós Colam Cille
do chrich Bóirne na mbeann sidh
ag díol chlíar sa riocht 'na raibhe
go mbiadh fa iocht fhuile hÍr.

3 Do tairngeir Bearchan eacht oile
árdnáomh duthchais [fh]réimhe Róigh
gan ghúais chean gan díoth gan deabhtha
crioch a shean go derbtha dhoibh.

4 Do bheannaigh Pádraig puirt Criomhthain
tar chúan Sionna na sroth síth
clú a fóirne is da brigh do bheannaig[h]
tír Bhoirne tar bheannaibh críoch.

5 Sgaoilidh a hainbfhine uaith[e]
ar fhuil Fhearghais fechfaidh súd
tír 'na tír ghleannfhoirfe ghnéghloin
bríd[h] bheannuighthe an (n)earlaimh úd.

6 Dáilfidh Día do dhruim na córa
ceart an fhuinn-si d'Uaithne Óg
ó nach cóir an céim lér imthigh
'na dháil féin fillfidh an fód.

7 Gan bheith teann níorb iongnadh dh'Uaithne
ar iath Bóirne na mbeann ttais

Royal Irish Academy, Col. na hIrlonóide, TCD

cuid mur nead ghríbhe fa Ghallaibh
(i)s cead na tíre ag clannaibh Cais.

8 Imeoraigh ar fhionnchlár Bóirne
beart bhearas an cluithe ar chách
gearr go teacht do thoigh don oighreacht
bert soin nach feilb[h]ert a fáth.

9 An t-Uaitne-se mac Maoil Eachlainn
airsigh glíadh an bheithir bheó
cuirfidh le leanfaidh a dhisle
beanfaidh sé don chrich-si ceó.

10 A-ta ar bfhás a fhrémh an einigh
áongéag chumhra is briodhbhur bláth
fíorbhun an óil an seang sídhe
ceann slóigh is tíre do tháth.

11 Ua Maoil Eachlainn na bfheart bfhéile
an fíon cruadháor cheannchas sé
an t-Uaithne Óg is é dhíolas
gidh bé fa ród íobhas é.

12 A mac samhla an t-Uaithne Óg-so
Uaithne ó bfríth an mheadhair mhór
ar dheilbh ar láimh ar mhéid mhílidh
ar dháil tshét um fhí(o)ndigh d'ól.

13 Da sheabhac don aicme is úaisle
da éan ghribhe an orsain áigh
da ghéig gháoil do Choin an chleasraigh
dá ghoin dáoil re cneasgoin cháig[h].

14 Da mhíor curadh chloinne Fearghais
ar feadh gliadh nách gebadh cóir
da dheóir a freamhuibh na féile
da reallainn eóil [fh]réimhe Róigh.

15 Da gheall taille tighe an óla
dhá Uaithne iomcrus do chléir
ag sin dream dhíola na bfhileadh
da cheann síodha a bfhineadh féin.

16 Da eigne na n-innbhear bfhairsing
nach bfhuair iúl ar linntibh léarcc
da ghéig fáilme a n-am a ttoraig
da chrann dairge ar chomhair chealg.

17 Bíodh nach ionann a n-áois íad-séin
ionann ainm is oigreacht dóibh
sgoth na slógh is fearrdha faicsin
nach dearrna(dh) sdór d'aisgidh óir.

18 Mo bheannacht a n-íoc(h) a iomráidh
don Uaithne aca nách mair
do cleacht sé ar n-ionnramh go hiomlán
ní hionghnad[h] me d'iomradh air.

19 Ní beithea (a) uaim-se re haimser
a Uaithne gan aisgidh rann

Royal Irish Acad. na Tríonóide, TCD

a ghruaidh mur rós a dhreach daithgheal
dhá mbeath nós bur n-aithreadh ann.
20 Níorb fuláir liom d'f[h]ior bur n-anma
aisgidh bhiothbhuan gan chéill gcláoin
'sa bheith gan tár casda ceillidh
dán snasda do dheinimh dháoibh.
21 Tús mh'eigsi ortha da dháileas
ar ndán deirigh dáilfead(h) dóibh
dream dar chóir ceannghad na féile
nír dhóigh dearmad [fh]réimhe Róigh.
22 Gan mo chumáoin do chur ortha[i]bh
a ghéag[a] d'úaislibh fola hÍr
dream do chill nar chláon ó chreachaibh
an rém[r] linn ní deachaidh dhíbh.
23 A n-eirr mh'aoisi no go ndeacha[r] [181]
dán molta dod mhallrosg gorm
dar an mionn ní rádh gan fhiadhain[a]
fa sámh liom a iaruigh or(o)m.
24 Ré haoineach d'Eirinn dha ttugas
tós m'éigsi ní roinnfinn róimh
a ndeóigh cháig is dúal gach diog[h]ruis
dod ghrúa(i)dh náir dod mhíonbhais moir (?).
25 Ní fada leo lá ['n]a dtimcheal
o thús láoi go luidheann grían
do sgáoil cuibhreach do rún rioghbhan
do chúl druimneach fíorghlan fíar.
26 Snuagh a aighthe go húair bfheadhma
ní athraigh go n-éir a ghrúg
a bláth da húaim lé cáoir ccorcra
da gruaidh sáoir fa sompla súd.
27 Giodh bé múr no treabh 'na ttriallann
trath áonaigh no a gcomhdháil *chorm
mná an mhúir go heasgaidh da aithne
d'fegsain lúidh no graifne a greadh.
28 Dul a n-amharc is beart bhaoghail
buile ghliadh mur gabus sé
san ród 'nar ghabh do tháobh tachair
nir an áon dar athain é.
29 Féinnidh beó go mbúaigh gangidh
nar gabh sgáth a ghonta a nglia[i]dh
geag do gabhlaigh ón fhéin Ulltaigh
(i)s ón damhraig réidh mbronntaigh mBriain.
30 Búaidh bainchéile go mbúaidh gcloinne
do chuidigh dhó cur a chlú
clann gan bhéim an sean 'sa soiser
seal da réir dosan is dú.
31 O a-tá a Thoirrdhealbaigh Í Lochlainn
longport na sean duit-si a nd(h)án

Roinn na Graí ge, Col. na Tríonóide, TCD

dhuit is córa an chúis do chleachtadh
a gnúis crodha nearmur nár.
32 Deireadh molta mheic Mháoil Eachlainn
ós é is dúal don uichtghil fhinn
fada cách dá chur a gcleachtadh
do ghnath na sgol leantar linn.
33 Níor char Úna trom na tathaoir
treighe Saidhbhe is [s]e do *chleacht
a n-áoinchéim nír *chleacht a cruaidhe
bos máoithréidh is búaine bladh.
34 Sgél ar a heinach ni bfhuarus
gé fada dár n-ionnramh í
bruinne sheang gan tár gan tnudhlocht
ní sámh líom gan duthracht dí.
35 Beangán rann d'fághail an uair-si
a Úna dhuit-si ní díol
do-gheabhair a bharr eacht oile
a dhearc mhall is gloine gníomh.
36 Buime is mátha[i]r Mic an Duilimh
a dearmad ní deanta dhúin
fúair glóir innmhe ar nach bí bearnadh
an Rí lér dealbadh gach dúil. Fogas ...

240

Fogas fortún don óige
[TCD 1337 (H.3.18), 686-93 (now bound with MS 1362a)]
Eogan Ó Gnímh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fogus fortuin don óige
formod cáich ría as romóide
sighne le bfhoghar gach fios
rogar inme da háinios.
2 Gar flaithes da réim remhraidh
nemhghar dhí d'ól oirbhernuid
tig gáois go ngloine as a los
da báois as goire gliocus.
3 Fogus loise día leanbacht
gar mórdacht da maiccerdacht
as í as orluimhe fa bhláth
dí(th) as comhgoire gach conách.
4 Sgot[h] ógbaidh aicme Colla
foithne deighshil díoglama
leanb riograidhe nar chló ar ccúl
as dó as fíorgoire fórtun.
5 Rug orra ga haidhble sén
sliocht airmech Eochaidh Dublén
forenn catharrdha chláir Breagh

Roinn na Sgeilgeach · na Tríonóide, TCD

dóigh a n-atharrda d’innremh.
6 Dóthchuide rath da rochtuin
búaidh ttreisi da tárrdachtuin
rog[h]a leinb[h] chinidh Colla
dligid se[i]l(i)bh san senrolla.
7 Ar siol cCuinn cuirfid[h] ménma
mac Sémuis slat fhínEmna
brath cábhra íathmuidhe hEirc
dámna tríathruire an túaisgirt.
8 Brath tochmairc do trían Conguil
’s do críoc Fhíonnghall iobhairrgloin
Alusdar mur rath da f[h]réimh
budh br[a?]th [dagfh?]osgaidh doib-sen.
9 Cuirfid[h] láochdacht an leanuib[h]
súas a ghabla geinelaigh
blát fréimhe fóidinnsedh Gáll
óigshinser f(h)éine Fré(e)mann.
10 Dál cabartha don táobh túaidh
a thuismedh dia do dhegbúaidh
thug dhuinn ga fortacht as férr
súil reir ndhocra(a)cht do dhilghenn.
11 Síol cColla Úais an einidh
gerr go bhfaguid fóridhin
o mhaiclean[a]bh don cóir cion
d’aththreabadh ar gloir Gáodeal.
12 Tuillfid a cérda cosguir
a n-áois fhedma Alusdar
dál fhoiridhine ar ttecht da tháoibh
cert moirinmhe an macaoim.
13 Leigfidher le mac Máire
da treibh as túar lú[th]gaire
maith do fhréim Domnuill fa deóigh
ben fa comhruinn a ceineóil.
14 Eang a cclú leanfaidh(dh)er leis
óigre soideal[bh]da Sémuis
ar mhéin caithmidh ar chruas nglíadh
súas re a athribh ag arddíall.
15 Do lucht foreigne na bhfónn
benfaidh se comha chot[h]rom
cuirfid[h] Cenn Tíre ar treabad[h]
as eng Íle air áitioghadh.
16 A-tá suil rea mbein a mbruid
’ga mhaicne an tráth fa ttánic
toradh phóir chnuasaigh cheineil
dhóibh an t-uasoin Ebhilin.
17 Tiocfa(idh) d’féidm an óig ordairc
fós a leath a lánóirbheirt
nach dóig aitmhéile orra

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

táin raitfhréimhe ríoCholla.
18 Bud[h] túr lóise do Leith Cuinn
óigre ingine Dómnuill
leigther cómhda chúain Uladh
úair fhógla ar a ardúghadh.
19 Mac ochta (a) airdfhréimhe Cuinn
soig[né?]n deighshleachta Domnuill
dreach núa bus orlamh n-asdar
tar comgar úa Alusdar.
20 Siol cCuinn le bhfagthar gach fáidh
aicme at[h]ar an mhacaimh
mic ríogh go rogha ndheighbreath
do shíol Mogha a mat[h]a[i]rleth.
21 Tri deghróigne mhac Míleadh
a-táid 'ma cnes cruthlígheal
Íor ba *trenfhir a ttinol
diob Émer is Éremhon.
22 Glan do fóigredh 'ma (a) dreic ndhuinn
crú Bríain fuil Cholla as Chonuill
da bhfúar-sion na fola is férr
do thogha a uaisle Eireann.
23 Fíonfhuil Ghréag 'ma nghnúis gharrthe
'na? tuinn úabhraigh fhíalcaithmhe
da riomh as anchoir antair
síol an ghlanphóir Gheraltaigh.
24 A íarmhúa ríograid[h]e Róis
sul rabh h'atharda at égmuis
a mháigre geal brúaigh Ba[nn?]a
lean a thúaig d[o th.....].
25 A úa Cairbre an chrotha naoi
a éigne Inb[h]e[i]r Lochaoi
a[s] sibh obas dáorse dhúin
dháoibh-se is fogus fortun. Fogus ...

241

Fogas oirbheart d'aois linibh
[RIA 3 (23/L/17), 10a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fogas oirbheart d'aois linibh
gnáith so ag cách da chreidimhin
onóir don daighleanta dhi
fagháil oighrechta isi.
2 Di as roghoire fás flatha
lé as taoisge teacht deaghratha
bheith fá aimhriar is dual di
ní buan ainmhian na hóigi.
3 Bheith ar ttós frithir feargach

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nó amhuilleach ilcherdach
gan bheith do réir duine dhi
ní béim uile ar an óigi.
4 Cleachtuidh sí briathra baoise
re ccaithemh a ceadaoise
tréigidh a huaill ar ghaois ghloin
ar mbuain ris an aois ársoidh.
5 Ag leanbh óg do chloinn Charthuigh
a-tá cuid dá cómharthuibh
ní mana baoise go becht
rogha aoise mar oighrecht.
6 A chiall eagnuídhe amhra
a rún fáthach foghlamdha
a fhoighide a chaidreamh cóir
goiride aignedh dá onóir.
7 Do-gheabha oirbhert uain chóir
oighre inghine Sea-áin
fan aois-[s]in gan táir tarla
dáil faoisimh dá athardha.
8 Déanadh sé iomlaoid anma
tugadh óigh dá athardha
tréigi[o]dh baois ar (c)c[h]éird ccuradh
a haois leinbh dá luathughadh.
9 Eirghedh sonn mur do saoiledh
fágbhadh [erradh] ógnaoidhen (erradh).
gnúis oirnidhe do thoill toil
'na choillbhile ar chloinn Cárthoigh.
10 'Na láimh dioghalta diomdhagh
'na ghríbh churtha chaithiorghal
troigh chéimenn ccubhadh a ccath
'na churadh chéimenn mbaoghlach.
11 'Na naithir nimhnidh nimhe
'na láimh echta oirnidhe
'na rún bhús déine a ndebhuidh
mar thréighe a ghlún ngineal aigh.
12 A-tá agum dá (n)dreich (n)dil
ionnua Charthuigh chlair Chaisil
geg dóidleabhar thrén ró-m thogh
sgéal ar óigleanabh uasal.
13 Ógán amhra le mbíodh barr
an tí ór chin Corb Ólam
terc lé ar dhiles é ar fhoghuil
sé a ndímhes ag Danaruibh.
14 A ccionn aimsire da éis
fríth ó fháighibh mar fhaisnéis
techt an leinbh do-chuaidh a ccion
go mbuaidh a seilbh na sinnsior.
15 Dá éis sin táinig as-tegh [10b]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

d’imdiden fhuinn a aithredh
sduagh shoilbhir gan tráigh na toil
le fuighlibh fáigh gur fíorodh.
16 Do fhoghluim cerda curadh
fíor nar an re habughadh
fuair oighrecht go deimhin de
geibhidh oirbhert a hoige.
17 Mar sin a-rís ríogha an dáil
an leanbh d’fior d(i)aghmac Damháin
glac chalma do thuar toradh
labhra druagh da dhechtughadh.
18 Nir hoirisedh amhra an toil
do thegasg druagh fhóid Fhiontoin
le deirc ríogha mhongmhuill mhir
gur fhoghluim gniomha gaisgidh.
19 Gér mhór dóigh filedh is fádh
sa droing óig-se f[h]uair iomrádh
gég mhórchas mo-chen don chloinn
medh dar ndóthchas a Dómhna[i]ll.
20 Ní córa acht ciodh breth re báidh
doigh asda ná ua Sea-áin
saoirbhengán fán muille muir
aoinleannán chluinne Cárthuigh.
21 Coilean sidhe do chuan Cuirc
disgir bheó bhias ar adhuint
ag so an tslat amhra ós f[h]iodhbhuigh
mac bhús calma a ccaithiorgail.
22 Biaidh sé mesardha a moghuibh
a-tá uasal d’f[h]íonfholuibh
fiú onóir mar thárla a thol
f(h)ágháil anma ní hiongnodh.
23 Crú Gheruilt do ghabh gliocas
síol cCarthuigh fuair oirdhriocas
dealradh a ghruadh ón ghoradh
tuar menman do mhédoghadh.
24 An aoibheall aghanta ghleodh
Domhnall Óg gnúis mur ghlanreódh
beithir dhána dá ró rath
is dó bhus córa ar ccúmhdach.
25 Biodh leis do láithir fhedhma
rún gaisgidh gnúis soidhealbha
tuar rath féile & fos
is tréighe flath go fogos. Fogus ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

[Snéadhbhairdne, Dán Díreach, Crosántacht]

1 Fo[gh]mhar na bhfileadh fuil Bhrianach
beangáin toraidh -
siad gan roinn a suas ag seanaibh
croinn chnuas ccalaidh.

2 Tamhuin chnuasaidh chríche Connla
cleatha cumhra
ag riar eigeas mhaicne Mheadhbha
aicme as úmhla.

3 Ré linn gheimhre bíd ag bloghadh
fan mbróin dreachtghloin
's le toradh ar dháimh nach diúltair
ós dáibh d(f)eachdoir.

4 Abuigh iad re headh [a]n earraigh
no a n-ocht fomhair
ler bhean an chliar dhíbh do dheimhnigh
nó a sín samhraigh.

5 A-táid riamh re ré na sínnsear
a seilbh oinigh
meadh a ngnaoi 'sa n-áigh ní faghar
re daimh dhoiligh.

6 As e ar n-úghacht re hucht mh'euga
d'fionfhuil Chobhthaigh
mo gheall as a n-aoibh gurbh ionchuir
dream chaoin chonchuir.

7 Ga ttú ris acht bíd na Brianaigh
fa bhreith n-éigeas
cia mur sin léarbh áil a ndímheas
d'Íbh Tail tréigeas.

8 Foireann choimhéada Chinn Choradh
coin bheann mBóchna(dh)
tréinfhir gan mhaoith um cheann cCliachdha
laoich eang n-órtha(dh).

9 A-tá aoinfhear don fhuil Bhrianaigh
bhrathaid dámhsgol
a bhflaith 'sa bhfiallamh dha bhfuasgladh
gríanán glámhsgol.

10 Mac Í Bhriain da ttráighid tonna
an té thagruim
as é an t-aoinfhear rem cheird thogruim
gan fheirg admhuim.

11 Cisde chumuinn chloinne Mhíleadh
mein gan torrdhacht
croidhe ina mbí maise is meardhacht
taise is tromdhacht.

12 Oide múinte maicne hOilill
ua na mBrianlorc

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gnúis nár fár aghain an eabhdhacht
aghaidh fhialnocht.

13 D'uaill na d'iomthnúth na d'fhonn ionnmhuis [56]
ós é ar mbraith-ne
ní leigeabh uaim fear ar bhfeithmhe
gruaidh gheal ghairthe.

14 Donnchadh Ó Briain breodh ar cceasa
cisde ar n-ána
díogbhóid ar ttruim ar séad sona
géag fhuinn Ara.

15 Mac Toirrdhealbhuigh taibhgheoir annsa
aigneadh sgagtha
ní do dheoraigh ar uair n-eachtra
uaidh dob annta.

16 Go Mac Í Bhriain ós dó dlighthear
an dil dreachnáir
bhérad cuaird go a ghnúis ghuithmhín[s]
cúis shuairc sechráin.

Eas suairc an seachrán ré a fhaisnéis & re innisin mur ro cheannchadur bráithre Moighe Luirg cead na feola Corgais d'ithe ón chuirr chomhranna do bhí a ttigh Mheic Dhiarmuda Mhoighe Luirg .i. Cobhlach a hainm. Oir do cheannchadur leasdur lobhtha láinbhréan ime uaidhthe, et as amhlaidh do chruinnigh an chailleach chraosainmheach chrapchuisleannach chorpghranna an leasdur ar feadh, & ar foirleithead na cóisreach .i. gach re spólla ime, gearach, & feola do chur ann. Dala na mbráthar do bhuailedur ar an leasdur d'ithe Cédaoine an Luaithrigh; & d'ithiodur an t-ím go rángadur an fheoil, (& mur fuaradur an fheoil,) et mur fuaradur an fheoil ina bántsaill, d'ithiodur mórán di a riocht an ime. D'aithnígheadur na bráithre a n-anntráth gur feoil do bhí aco & a-dúbhairt fear dhíobh go mallfhocalach míchédfadhach "as feoil seo do dhíol an chaillech rinn a riocht ime" ar sé. "Dar San Próinsias as eadh" ar an tionól uile " & do mhíll an chailleach go bráth sinn" ar siad, "as cóir dho Dhia san do chionn ar margála do dhéanamh réna leithéid; & usacht dúinn ím glan (dáil) d'fághail ar airgiod" acht cuirid fios ar an ccailig, & tainig sí go hamh [57] (haimh)leasg chuca, & a-dubhradur go hoirbhíreach aithbhealach: "a chailleach mhallaighthe mhíthrócaireach do mhillis go bráth sinn leis an leasdur úd do reicis rinn" ar siadsan, "óir as mo d'feoil, & do gheir do bhí ann na dh'im." "Dar laimh Mhic Diarmuda as fior san" ar an chailleach "as dá ttrían (ime) feola, & geire a-tá ann & níor chuimhnígheasa air & ó tá a dhearbh agam a-nois caithfe sibh-si fiacha na feola dho thabhairt damh, & biodh an gheir leam anmuin ag na bráithribh." Do mholsad breitheamhuin na tíre oiread eile a ttugadur ar an leasdur do thabhairt di a-rís a ndíol bhriste an Chorghuis dóibh oir as fa chomhair na Cásga do bhí an fheoil aice; & ní hé dala na caillídhe gruamgháibhthe gortaighe sin do-dhéanad féin le Donnchadh Ó Briain mac Toirdhealbhaigh Charraigh meic Toirrdhealbaigh meic Muirchertaigh meic Domhnaill mhic Taidhg meic Toirrdhealbaigh mheic Murchaidh na Ráithnígheh meic Briain Ruaidh meic Domhnaill meic Chunchubhair na Siúduine mhic Donnchadh Chairbrig meic Domhnoill mhoir mheic Toirrdhealbaigh meic Maduda meic Toirrdhealbaigh meic Taidhg mhic Briain Bóroimhe, ó nach raibh do fheoil ná d'ím ná d'arán agam féin acht an (glac rann) beagán do rannaibh díoghlama-sa do bhí agam fam chomhair fein, do chuireas chuige-sion iad le toil & le tromghrádh dhó.

Leabharlann Chonnradh na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

17 Mo sgél sgigeach
Sliabh Mis a mbláithnig ag bodach
bráthair bradach
dún tri liag a snámh go Sligeach
ar clár cragach.

18 Ni bhiú ag ceilt ar ndréacht ar Dhonnch[adh]
druidfe meisi
ris mur chách níam thóir go ttaisi
doigh bhur deisi.

19 O taid eigse tóighe Tuathail
ag triall chuige
do-bhéar air budh thriall gan teibe
triall na troide.

20 Cean fine Brianach bruigh dhearcach
draig ar dhásacht
tearc dhá dtiubhrainn uaim ar iasacht
gruaidh gan ghnásolc.

21 Nell soininn[e] f[h]réimhe ríoghTháil
rún gan fhormad
mogha I Chais am dhuain gan dearmad
gruaidh thais tonnbhog.

22 Fear lenamhna luirg na nGaoidheal [58]
do ghníomh (i)s d'inntinn
fear do fhaomh cúl ris gach cuinntinn
craobh úr fhinntinn.

23 Mac Í Bhriain re bfuil gach faidhsgél
ga fearr coibhche
fuaidhfeigh se ní fearann feilmhe
seanfhonn Saidhbhe.

24 Dlighthear dho d'aicecht gach eolaigh
d'f[h]uaim a oireacht
beith go gíor gan úidh ar ainiocht
's gan dúil dóibheart.

25 Dar lat tarla an teagasg innmheach
d'oighre Shláine
measdar air ar chaoimhe ccéille
saoire sáimhe.

26 A-taid tréighe nach fearr flaitheas
fríth ó nádúir
fillte 'na dhreich mhaordha mhodhshaoir
aobhdha ógúir.

27 A threise a mhíne as a mheardhacht
'sa a méinn réidhe
[i]sa (a) óirbheairt ga mo maoine
a ccló a cheile.

28 Donnchadh Ó Briain bile fosgaidh
failm ós fíodhbhaigh
mo-chean da dhreich shaorúir shúilbhir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tháobhúir tiomgglain.

29 Geilt(h) & cú et fiadh a ccuimhrionn
coir a n-iomrádh
biaidh liom gus an bfionnglan bformghaoith
iongnadh iongnáth.

Eas iongnadh iongnáth uaigneach exsamhail an béas, & an biothghnás ata ag Sgeilg Mhichíl. As é sin a bfhuil d'éanaibh aieardha eitillmheara iomluatha ar domhan do ghabháil thríthe tháirse nó os a cionn go bhfuil do bhuaidhibh aice go mbaintear a lúth & a luamhaireacht, a seol aisdir & imtheachta dhíobh go luath & go lánáibéil ionnus gurb ann bhios a(n) n-ionad comhnaighthe ó sin suas go broinne an bhrátha & foircheann na beatha. Et dar liom fein as ionann sin & an bés bunaidh, & na hairrgheana ionmolta, & a[n] nádúir neamhghruamdha a-tá [59] (a-ta) a mbruighin chúplaidh chaithmhigh chongháirigh Bheoil an Átha .i. eigsi & anroith, filigh & f[e]allsamhuin, draoithe et deaghollmhuin, geocaig [7] gláimhínigh, baird & biothamhlóirigh, óinmhidígh et amadáin eigciallaigh, lucht siobhail, & sírimtheachta na hEirionn ar cheana, do ghabháil 'na ragharc nó 'na fhréimhfhéachain nach bféadfuidís gan a ttriall, & a ttromchomhnuíghe bunaidh et buantóichim do bheith innte go brath & go buainég le cleachta Dhonnchaidh meic Toirrdhealbaigh Cairbrigh meic Toirrdhealbaigh meic Muirchertaigh Í Bhriain Duibh, & ga cora dhóibh iona d'Allsún (?) do reir a tuigsi et a toile.

30 Minic d'éalaigh bean ar buile
le fear faire
ní haill liom a umann mar oire[s]
cumann caile
annsa fá dhó a ghaol am ghoile
maor Í Mhaine(adh).

31 Ar mhac Í Bhriain bhios ar ccoinnmhe
cisde ar n-annsa
rogha leannáin do luigh lióm-sa
gan toil tárrsna.

32 Geabhad chugam o Chloinn Chobhthaigh
mur chuid ronna
mac Toirrdhealbhaigh ní clé an chumadh
as é ar n-orradh.

33 Fear dhíbeoras an dall chiach-sa
dar cclár Luirc-ne
luidhe fana chuim(e) ní cheilte
dar ccloinn Chuirc-ne.

34 Measdar do ghnáth tríd ag toigheacht
tlás is tréine
fear 'na mbraithtear gnás mar Ghuaire
fa chás cleire.

35 Deagua Bhriain Ruaidh na ruag ccogthach
caithmheach creachtach
lamh neimhneach na ccosgar ccuardach
Osguir éachtacht. (Osgur éachtach)

36 Saor tógbhála an tíghe Tail-si
*ted nách toirseach

Royal Irish Academy, Col. na Tiomnóide RCD

cruth fhaoiligh dhreachnár na ndeisbhreath
leathbhan luisneach.

37 [M]aighre Sionna éigne an Fhorguis
urra ár sdiuire
drithle beo is ceann ar a chuaine
eo seang Siuire.

38 Do theisd bhrúighne Bheoil an Átha
íosdag cleire
brugh chaithmheach shlinnteach go saoire
finnteach feile.

39 Mur na bfionnbhan is [na?] bfileadh [60]
foirg(h)neamh deoradh
treabh choirimbhliocht dom fhios nár hiadhadh
lios na leoghan.

40 Cuid d'airghibh taibhgheoir an tíghe
triathfhlaith shoithleach
gnúis ognár 'sa húigh go haithmheach
dúil nach doithleach.

41 Mo iomchras an t-ainm fíre
fríth don fhailmgh[éig?]
taibhle a gnaoi is teasda gan tromghrúig
measda a Mairghréig.

42 Do-dhean-sa a-niú mur gach duine
doigh don úrchraoibh
leam ghreas glan frithreach go bfaidhchéill
deightheach dlúthchaoin.

43 Mairgréag a Búrc buime ar n-antruim
d'iocht is d'aithne
bean gan diomdha ag aon uirthe
ar ccraobh chaithmhe.

44 Leannán oileamhna an uird chrábhaigh
cliath ar ndréachtbhoth
bean ór chin a clu go cuairteach
cnú dhil dhréasoch.

45 Inghean mhic Bháitéir bláthcumhra
cuinn gan oilbheim
caidreamh caomh gan uaill gan anbhuain
gruadh shaor shoirbhréidh.

46 Saoraigh meisi a mháthair Iosa
d'eagla ar bhfoghladh
ar bfortacht as du a shámh shúilbhir
tu ar bhfál foghmhar. Foghmhar ...

Folaigh mo chionta, a chroch naomh
[TCD 1356 (H.4.15), 274 (Second Copy)]
Donnchad Mór Ó Dálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

1 Foluigh mo chionnta a chroch naomh
fár dhoirt Dia díogras donnbhraon
don rúnfhearg a-nois ’s a-nocht
a chros crúdhearg na ccumhacht.
2 As tú an naomhchroch do dhearg Dia
fár doirtedh fuil Meic Mairía
a(n) chroch-so is tromdha tuírsi
damhna osnadh t’fhéachuin-si.
3 As tú each iomchair mo rígh
a chro(i)s mhaithmhe na míghníomh
ait Íosa ceannuigh ar ccuil
do cheannaigh Íosa an teagh-soin.
4 An fhuil lér dhearg Dia tusa
mo-nuar a(n) chroch chéasda-sa
tar cheann shíl Ebha do fhear
a sealad síoth na sinnsear.
5 Riot súas a chro(i)ch mo chroídhe
do-chuaidh Dia san dréimre
as tú an bile glaintiúgh geal
’nar sga(o)ilteadh croidhe an Choim(h)dhe.
6 Ionnat ar-ís mar f[h]uair mé [275]
do bharra na trí thairnge
a ccréacht[ai]bh a bhas ’s a bhonn
a chros dá ndéanta[i]r dúghlann.
7 Cumhain liom-sa an bhúidhion bhocht
do bhí fád bhun do bhanntracht
trúagh lém chroídhe a ngeoin guil-si
Muire is Eoin ad fhochair-si.
8 Dod ghuídhe mar is leór leis
ó nách bhféadann fear m’eóluis
gabh rúnfhonn mo chroídhe a chro(i)ch
a bhile an chrúdhoinn chreachtach.
9 Do ibh tusa do dhigh *shearbh
dár saoraidh-ne ar úaimh *ifreann
gobras gach ní fó neimh
do bhí domblas san digh-sin.
10 Fuil an Rígh do-chuaidh san chrann
a Mhícheail réidhigh reómham
gion [gurb] urusa a s(h)earc sin
fearg na fola-sa foluigh. Foluigh ...

244

Fóir, a Chríost, ar chois Lúcáis
[RIA 540 (C/iv/1), 194r]
An fer céd(h)na cecinit [Peadur Ua Maoilconaire (193r)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fech a Críost ar chois Lucáis

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tráothaidh tenn a tréndholáis[r]
o dhocht[r] a dhoighe gach [t?]an
as ucht[r] Mhuire ’s a míorbhal.

2 An t-Athair an Mac measda
’s a Spiorad náomh núaidhsheasda
o tinnfedh a loisi is gach linn[s]
timchioll a choisi cuirim.

3 Gach bannáomh gach náomh nertmur [194v]
(i)s gach mairtir án intlechtghlan
’ga tathbhuinnedh gan tolg dhi
(i)s gac[h] ord archaingiol uimpe.

4 Ar an ccois oirdheirc fhortail
fóir uirre a Críost chumhachtaigh
an tséimhsheng ro-chlos gan chol
cos na léimionn budh lúthmhur.

5 A-táid clanna Néill na nós
(i)s clann nDomhnaill dár dhúal iomthós
a roinimh na dois a-dle
fa chois oighir na húaisle.

6 A-tád fa chíaidh a gcumhaigh
Síol gCellaigh chrú Conchabhair
gan chlí fán fhionnglan gan oil
ní nach iongnadh don fhíadhain.

7 Mág Math[ghamh]na mían na sgol
is Mag Uidhir na n-árdbhladh
a gcnámhdhoilghe go ttocht ttuim
fa lot lánoighre[r] Dubhghoill.[a]

8 Gach gábhadh is guasacht dhi
go ttí do thoil an Choim(h)dhe
gan chleith gan ghoimh is gan ghlonn
a bhreith ón *tráigh gan taghall.

9 Leór do lagadh chlann gColla
luíghe an mhíledh mhónanndha
an slógh gan ceó is gan choir
dar leó is brón a mbeathaidh.

10 Mórmac Fhéilim an iú[i]l ghlain
Críosd da choimhéd ar dholaidh
gan sgíth a n-árdbhladh na n-eng
do chrích Alban is Eirionn.

11 Lucás mórdha craobh Chonnail
lámh oirbhertach ain(i)mneamhail[r]
cur do mhédaig modh is meas
tor do thrédaibh is rúaighles.[a]

12 Trénfher fíal is foirbhthi sedh
ag gach áon don ord filedh
in gach taobh tíre mur so
cáor is míne ’s ás mordha.

13 Re gach áon is post páirtech

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

bi go socair subháilcech
’na bhrúgh bhíadhmhur in gach binn
gan chol go fíalmhur farsing.
14 Lámh échtach an einigh bhúain
Lucás cáomhsherc gach *saorshlúaigh
da fhréimh is dídion (a)’s gach dál
an líghgheal séimh gan sechrán.
15 Ni hiongnadh dhó a ndénann sé
mormac Fhéilim na n-iuilghné
o gach glún da ro roimhe
do shúgh na gcnó gcúmhraidhe.
16 Síol gCartha síol cCéin síol gCuirc
clann Colla & ui Néill oirdherc
is sliocht Ír gan chná ’na gcuing
a-ta san ngríbh go glanchruinn.
17 Lucás aobhdha seasmheach séimh
Éirionnach úasal eiséin
ní calgghonach cláon ro chin
is gáol Albanach idir.
18 Ar fúd Éirionn ní hiúl fáis
do-chuaidh clúan caoimhfhir Lucáis
cúis do árdaig úadh a bhladh
’s fa Albaín na slúagh sénmhur.
19 *Coráidh Connacht cáomh an gríobh
(i)s maighre Uladh gan imshníomh
toirbhertach is teó is gach maith
ar n-eó goirmdhercach ghniomhraith.
20 A-ta dóigh as Dia na ndúl [195r]
agam tré aidhbhle a fhortúin
ar an rothuir ríamh as glé
ar n-athair fíal go bhfhóir(f)e. Fóir ...
21 Inghean Tomáis fíal a fos
gradh na ndeibhléin ’s a ndóthchus
ben *crúaidhghel is féile fuil
ruithnedh gréine ’na gruadhaibh.
22 Ré Déirdre ro dhíall (i)s gach leth
ben Náoisi mhóir meic Uisnioch
an ghlaindéd gan ghlain as glé
Mairgrég a bhfhuil ’s a bhfhéile.

245

Fóir mh’amhghar, a Dhé bhí
[RIA 5 (23/D/4), 39]
{Donnchadh Mór Ó Dálaigh/Fearghal Óg Mac an Bhaird}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas with irregular syllable-count]

1 Fóir mh’angar a Dhe bhí
ar a sirim síoth mo locht

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

uait na leig mh’anam a bpein
re ndul a ccré dom chorp.

2 Ge do thuilleas m’fuagra uait
tre a ndearnus d’uaill is d’olc
c(h)uimhne[igh] do ghrása is do ghaol
a mhic Muire nár fhaomh locht.

3 A luibh chabhra na sé slógh
ler sgaoileadh a mbrón do chách
[i]s mó do ghrása na mh’olc
na leig mh’anam bocht do chrá.

4 Gion go bhfoghnann sin mar dhíol
ann ar dhoirtis a Chriostt d’fhuil
an corp tugais tar mo cheann
fograim mh’anam ’na gheall duit.

5 Na lean cóir ar fhear mo ghníomh
re ndul damh a Chriostt san uaidh
a Rí na ngrás d’fear mo bheart
ní fhoghnann breitheamh ceart cruaidh.

6 Orum-sa da n-iarrair cóir
is olcus mo lóin dar leam
cuimhne[igh] do láthair mo bháis
gur fhuilngis páis tar mo cheann.

7 Mo pheacadha gidh mór an ghráin [40]
da bhféachtar a ccáil ’s a ccruth
go hiffreann ónar shaorais mé
na leig a mhic Dé mo dhul.

8 Don athair ar sgáth mo locht
a mhic Muire na rosc mall
a hucht do ghrás is do ghaoil
foláir fuil do thaoibh is do bhall.

9 Cuimhne[igh] féin casgairt do bhall
’s do cur a ccrann ar mo shon
is gur leadrudh do chorp go borb
o bhaitis go bonn do chos.

10 D’éis gona do chind is do chos
gon do dhá bhos is do chléibh
ge ciontach me re do bhás
rachaidh me ar sgath do sgéith.

11 Na chúig chroidhe sin gan cheilg
do sgoilt na trí deilg sa tshleadh
leig mhe a Rí neimhe na néul
[f?]a dhion na ccreacht is na ccneadh.

12 Na srotha ler saoradh cách
do doirtigh fád lár do t’fuil
trím gid do-chuadhuis a bpéin
och ní misi an te do ghuil.

13 Peacach mé ag déanamh ort [41]
orum-sa na nocht an choir

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ge do thuilleas t'feirg is t'fíoch
feach oruinn a Chríost is fóir. Foir ...

246

Folamh Éire d'easbhaidh Bhriain
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 168]
Tadhg Ó Cobhthaigh cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Folamh Éire d'easbaidh Bhríain
deacair eirghe ón easgair fúair
lór d'easgar an t-áoinfhear dhíobh
*slógh Gaoidheal do heasgradh úaidh.

2 Brath leannáin thealcha Dha Thi
gan leannan sealbha acht sé
an chéile do charuidh sí
tí faluimh Éire gan é.

3 Léan dá bfhrith lé Banbha Bríain
le crích Banbha ní budh brígh
bás réidh nach geibhedh ó glíaidh
go béin Briain fa dheiredh dhínn.

4 A sheilg ní lamhtháoi lé líon [169]
ag mhná[r] gabhtháoi ar ngíall[s]
beag toradh abhla gan fhál
folamh clár Banbha gan Brían.

5 Díoth Briain do mheadhair an mnáoi
sgis 'na dhíaigh ar tuluigh tTé
ní baoghal fhir oile í
go ttí sir do loighe lé.

6 Nír fhás trían eatha tré úir
Brían ó dó gabhadh mur ghiall
mór tharla ar a thocht tar sál
gort gan fhál Banbha gan Brian.

7 Cead cumhadh tharla ar gach tír
a chumha ar Bhearbha 's ar Bhóin
ráth Breadh 'má a chéile fá chíaig
Éire 'na dhiaigh is bean bróin.

8 Ar Gaoidheal tuga[dh] 's gac táoibh
ó rugadh ar n-áoinchreach úain
tar muir le Gallaibh mur ghíall
fian ar nguin bhranuim[h] ní búan.

9 Ráth Crúachan fa chumhad[h] Bríain
Crúacha mur thuluigh an Trír
a ndiaigh éinfhir a-tá an tós
mná bróin ar ná ndéinimh dhíbh.

10 Máoith mheanman ar Laighnibh do líon
Laighnigh mur ealbha gan eol
long leónta Banbha gan Bríain

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar bfhiadh seolta as dámhna deór.

11 Conn Ceadchathach rioghdha an réim(h)
áonrogha na rioghradh ríamh
nírb fhearr Conn do dhamhna dheór
long gan tsheól Banbha gan Brían.

12 Gan sgaoileadh do mheadhair mhóir
ní háoibhneas a n-easbaidh Bríain
ní cumha leam cumha cháigh
náir leam gan dula 'na dhíaigh.

13 Toisg í Chonchubhuir tar chúan
roisg ag folmhughadh a bfhréamh
séd búaidhe na Banbha Bría(i)n
'na ghíall úainne is damhna déar.

14 Gabhal fhuluing thighe an Trír
gan oide a Lunnuinn a láimh
díon ar bfhóirne ní dóigh dúin
dó-chóidh súil do choimhdhe ar ccláir.

15 A fhaideachtra soir tar sál
ag goid ar n-aigeanta úainn
a n-aisgidh ní éirghionn dúin
mh'éinmhionn súl gan fhaicsin úaim.

16 Bíaidh a-rís 'na realluin eóil
geabaidh Brian acht go ttí a ttráigh
in donn failgeach uirre an iúil
sdiúir luinge Laighneach 'na láimh.

17 Ní gnáth saoghlach meadhair mhór
easgar gur báoghlach do Bhrian
do thairngir gac duine dhúin
tnúith ag luighe ar raighnímh ríamh.

18 Críoch Laighean fá Bhrian do bhí
ó Bhrian ní raibhe re a ré
mac Laighnigh nac *bfheacadh fáoi
Eacdair na Tráoi ar airg[h]ibh é.

19 An crann do eirigh ós f[h]iodh
a barr ní bearthar ar bhládh
oighre Catháoir san chrú shlead[h]
meadh Dathaoil ar chlú do chur.

20 Grása an Choim(h)dheadh ronnaidh ríom
má tá cobhuir choidhche am chinn
seól athruigh do-chúaidh dá cronn
mur budh long chúain anfuidh inn.

21 A glasuibh Gall beanadh Brian
crann mur do cheaduigh 'na chíogh
ar na g(h)onuibh do dhearcc dhúin
Ceard na ndúl roghuin na ríogh.

22 Go sgáoile geimheal ar ngéill
an Aoinbhean bheireas gach búaidh
cosmail gur cás é ar an Óigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

’s gur fhóir a gras na sé slúaigh.

23 Pádruicc Caisil ceann na náomh
mur cheann aisic leam is lór
sgáoiledh a gheimheal dar ngíall
f(h)ian Ghaoidheal beiredh a brón.

24 Tárla a Sagsuibh mh’éinchreach úaim
m’eigean is fada go bfhóir
Colam Cille as ceann don chléir
léir linne nach teann an tóir.

25 Ní bheir Éire acht céim tar ccúl
no go n-éirge ar n-easga lán
toisg áoinfhir do chur tar cúan
Gaoidhil úadh is *ár gan fhál. Folam ...

247

Foraois na gcliar Clann Mhaoil Ruanaigh
[RIA 739 (24/P/9), 282]
Duibhgenn O Duibhgennáin cecinit
[Snéadhbhairdne, Dán Díreach at first and then varying, Crosántacht]

1 Foráois na ccliar Clann Mháol Ruánaigh
na rúag seghmur
fúaradur ar chradh (gan) mur chonnradh
bladh nár bernadh.

2 Clann Mhaol Ruanaigh na rádh milis
mor an cuire
do caithfeadh féile na (na) fine
Éire uile.

3 Gabhla fionntatha chráoi Chata
clann Mháol Rúanaigh
is mion gach fer aga bhfeghain
re seal slúaghaigh.

4 Beg mo thnúth re heigsibh eile
ón fhéin cennsa
do-gheibhim gach ní is lór liom-sa
o shlogh Seaghsa.

5 Luingseóir Locha Ríbh rámhtruim[s]
rioghdha an fheadhan
do sgriobadh da ndán fán domhan
lán [a] leabhar.

6 Foghlainntigh cheardcha an cogaidh[s]
do chlecht iomghoin
a-ta fraoch aigh ar a n-armaibh
do bháidh biodhbaidh.

7 Cogadh na slat a síth nenta
nós dá bfine
biodh aca do bríodh ar mbuile
*mín na Midhe.

Royal Irish Academy, Col. na Tiomóide, TCD

8 Meóir mheadhoin mhaicne Maol Rúanaigh
radh nach dorcha
ni conchlann do laoch geal Greancha
acht fer fromhtha.

9 Ni ri go ffreasabra an fer-sin [283]
ar [fhia]dh ng[....]e
mo chuilén con ós gach cúaine
do bhladh bháire.

10 Is terc 'na mhéin rí *na réidhe
ar dhíol dáimhe
ni faghtur é ar eadh na huaire
gan gen gaire.

11 Mac Diarmada ar chlann gCréidhe[s]
ar mbarr báire
Tomaltach ag taobhshnoidhe námhad[s]
nós[r] nach bladhann.[ra]

12 Is lán re linn gach ríasg romhall
d'iasg gach abhann
giolla dán dú cáin ón chorann
nach ttraidh tarann.

13 Cuilén leómhain do len daigreim
go mer mongdhuinn
giolla & sleagh derg ara dernainn
cerd in chomhluinn.

14 As dó a-táim ag deilbh a(n) ndealbhuim
gidh feidhm forluinn
Mac Diarmoda ag dul fa Dhuibhlinn
do chur chomhluinn.

15 Ag cur comluinn 's ag cur *cruidh
eachtrann[r] ór oile[rs]
giolla nar chuir druim re deabhaidh
cuing a chinidh.

16 *Tarla damh a-níarr im nónaidh
Niall is Núalaidh
a-tá giolla dé I Dhálaigh
ar ghné an ghúalaigh

17 Gad mer uile (?) crúaidh a crabaidh
búaidh dha bhúadhaibh
giolla théd go gnáth a ngleódhuibh
a gcr[u]aduibh.[s]

Cidh trath acht as cruaidh an t-adhbhar naire aonduine amháin ar mire a mesg tri ccéd no chethair a-ta a a ttimcell Meic Dhiarmada & misi ar mire 'na mesg & is mor an onoir don ealadhain gan mo chengal a n-éraic a n-abraim & mas fíor eccóir nach bfuráilenn Mac Diarmoda mo chengal & mo chur a ccróchaolaigh da madh ferde mh'aignidh no mh'intinn no mh'intleacht e ór as é Mac Diarmada do-gebhadh sgaith mh'ealadhan & caoin mo cheirde do druim dlighidh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

18 Giolla do ghabh sén re sleaghaibh
nár ér f[h]ilidh
ioth re a linn a n-uir o n-uraidh
i mBúill mbiligh
bentur cruach oirrchinn is arbha
[.....].

19 Teirce re theach clíath na comhla
im iath Emhna
dídin a Dhé craobhshlat ar ccomhdha
saormac Sadhbha.

20 Ar[na] ttionol do thuir Chnodhbha [284]
do ghuin ghallgha
bíd bailte úadha go hiomdha
fua(i)ra falbha.

Or as fúar & is falamh a-táid bailte na mbuidhne do bi annso gus trasta ag cosnamh a nduithch[e] ar mac Diarmada o Dhún Balair.

21 Cuirther fion is céir 'na chomhaidh
o fhéin Fhabhair
mac meic Aodha mo thegh turaidh
is treabh taraidh (?).

22 Nior ghabh on múr no gur mhionaidh
um Dhún Danair
ni leigfedhe ar chios na ar chomhaidh
sios go Samhuin.

23 Sios go Samhain
ni thshergfa se fraoch na foghla
do-bheir san áth re guin Ghallgha
fuil go formna.

Fuil go formna tealgthair a ttroid Thomaltaigh meic Concobur meic Aodha Conqubur meic Tomaltaigh meic Mhaol Ruanaigh meic Giolla-Chriost meic Conqubur meic Cormaic meic Tomoltaigh na Cairrge.

24 Crann ós fiodh maicne Mhaoil Ruanaigh
fa cháoin ccomhráidh
bronnaidh gég Chuille dar ccoimhríar
duille in domhnáin.

25 Duille in domhnáin
do-ber Mac Dermada ar dhúanaibh.
a ttabhair do Dhía is do dháoinibh
cía nac ccúalaidh.

Et cia d'feraibh Eireann nó Alban nach gcualaidh an tusgárdadh do-rinne Mac Diarmada ar a esgcairdibh a gCill Aithrechta & ni chúalaidh a ionnshamhail don iorgail-sin acht an ré reabaidh do-righne mac Cein meic Dían Céacht .i. Lugh laider láochbhuilleach Lamhfada a lár Chatha Mhuighe tortbhuilligh Tuireadh for Fhomhorachaibh no an cóigeadal

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

comhmbrughach do-righne Conghal Cláon mac Sgannláin sgíathleathain a cCath Mhuighe Rath dhá dhioghailt fein ar na feadhnachaibh no an búireadh borbchatha do-righne Cú Cholainn mac [285] Subhaltaigh a mBreisleach moir Mhuighe Murtheimhne da ttug imláoid a n-anma do cheithre hollchoigeadh[aibh] Eireann no na hiomghona dubha díleighis tug Conald Cernach mac Aimhirghin Iargiunna ag tabhach Thána Bhó Fráoich & ní haithnidh dhuinn isin domhan mor & ni faghtur sgriobtha ag sgéaluigheacht ionnshamail na hiomghona & na himresna fuair Mac Diarmada ag cosnamh Mhuighe Luirg na lerg ttoraidh.

26 Tír a shen as tenn do thabaigh
geall re a ghonaibh
[.....
.....]
27 Is geall oirches [.....]
san fhiadh aluinn
fúath a mhinn fa mhein an mhínfhuinn
réidh a ráidhim
28 Radharc as áille fuair duine
ar druim dhomhuin[r]
clúainte ura san fhíadh iodhan
grian da ngoradh.
29 Umhla do righ Achaidh Abhla
oineach umhal
gnúis nachar chlecht guth da ghoradh
cruth mur chubhar.
30 Do-gheibh ar egla chána is chomhtha
longa is lethgha
[.....]
[.....].
31 Is craoiseach í Airt Éinfhir
ualach neimhe
an gháoth fhúar sa gleó 'na gaire
ni teó an tene.

Ni teóa an tene & ni fúaire an t-oighreadh errchamhail ina an ghaoth gheintlidhe & an fhuarlasair ifreannda eirghios do craoisigh Thomaltaigh re haghaidh eachtrann

32 A mbe[i]rnn bhaoghail
lingidh ar aitris bhó búraidh
a gcró cháolaigh
cruth mur cholga i ccath namad[s]
cuiridh úadha sleagh nach seólbhog
ar feadh fánchnoc.
33 Fer fial Fanad
fer do chrú Cairbre & Chormaic
ni lentur fioch ar an bfionnshlait.
crioch do chomhloit.

Acht cheana creachaidh & comhloitidh Mac Diarmada criocha echtrann & esccarad, loisgidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a nduinte & a ndedhbhailte, fágbaidh a ttíre & a ttighe re tenidh.

34 Ní bfúair se tóir fa na tighibh
(as) dóigh bhús deimhin

Et is deimhin nach mur fuair mac Rusglainn na mna fuair [286] [Mac] Dermada (na) rioghacht Muighe Luirg, oir is ar sgéalaibh & ar sgolaires (?) do bréagadh mac Rúsglainn na maighdiona meirleabra & na rioghna rosgaille, ar is ar thesgadh a chnis le craoiseachaibh & ar látannaibh iomurcacha & congmháil a ochta re hiommbúalaidh fuair Mac Dermada rioghdacht Mhoighe Luirg na lerg n-úaine.

35 Do-geibh ar iocht riogh is réidhe
gniomh mur Ghúaire
Guaire ar eineach is ar engnamh
aghaidh rioghda
giolla le lentur coll cána
'sa ccrom craobha.

Cromaid na craobha & feacaid na fiodhbadha re mes & re morthoradh fa

36 Ó Maolruanaigh nach [.....]
na rúag ndioghair
do-bhéra laoch Mhuighe morráimh
duine diláimh.
37 Duine díláimh
ni doigh ag righ Chúain na Cairrge
d'aithle a áigh is fuar na reilge
gidh fuar fairrge
ni thed on fhior fa fiadh Eilge
clíar ar cairde.
38 Cliar ar cairde nior chuir céile
Droma Dághda
a lan da ghaois is eich iomdha
fa chleith Chárna.
39 Mac Dermada a ngleó le ngormgha
ar eól anba
fían Mhuighe Luirg lór a ndealbhda
slógh na Samhna.
40 [Slogh na Samhna?]
samhal muintere I Dhúach Ghalaigh
gasraidh thé[i]d go diocra a ndeabaidh
fiochdha ar faghail.
41 Faghail acadh ar Áth Clíath[s]
a mbíd Gallmháoir
té[i]d is a ghasraidh fhíal fhionnbháoidh
fa fhíadh Amhláoibh.

Amhlaoibh Ó Lomluin, & Gofraidh O Geirchaorach & Conn O Coinlerga, triar óglaoch do

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

muinte[i]r hI Nechtuin do-chuaidh le sgáoithmhuc dá mesradh as feadhaibh Átha Lúain síar go Ráith Cruachan d'iarraidh dairmhes.

42 Is cuis gháire
ní ffuil o righ ar taobh ar ttíre[s]
maor no báille
do fhothruig in luch mo léine
fon sruth sáile
ni tabhair sí seadh sa sáoire [287]
ben hi Mháille
is lom do mhill ca[t na?] cleiri
mac hí Mhaire.
Tug an giolla dubh o dúainre
gu lar [grai]nne (?)
(i)s binn re fer ar bord na búille
dord gach dáimhe
braghmeic D[iarma]da (?) is geal gruaidhe
is treabh táidhe.

Et ní treabh táidhe ón, ór a-táim féin re tuillidh & (re) tri ráithe ag sgrudadh mo mhenman & ag cúartughadh mh'inntinne dá fhéchain caidhe an t-eólus annam úaigneach do-ghénuinn o Chill Ronáin go Longport lethan lanoirrderc Meic Dermoda. Acht cheana ro-feadur a-nois, or g(h)ébhad síar annso do Glenn Súain frisi n-aburtar tír Thúathail & do Choill Crotáin murar marbadh Crotán Cennmor do Lochlannachaibh & do Magh Treadha frisa n-aburtur Magh Ó nOiloll, & don Guthaird goirmriasgaigh murar labhair Lugh Lámhfada do ghuth ard feramhail ag maoidhemh Thuaithe Dé Dhanann d'ionnsaidhe chatha Lochlannach & do Charn Oilltriallach risi n-aburthur Carn Achaidh Abhla & tar Uinnsinn Fhérúaine murar báitheadh Uinneas inghean Ghabha ghabhailfhoda & do Shíth Dumha mur ar hadhlaiceadh Dumha inghean Bhudhbhde[i]rg meic an Daghda & do Clárach Luighne murar marbadh Clarach mac Conna & do Leithchenn Shleibhi Gamh murar marbhadh Gamh Grúadhsholus mac Eithlen, giolla Eiremhóin mhic Milidh & romham a-nall im rithing go reimdhíreach tre chenn Mhachaire Luighne go lánathlamh & d'Ath Clíath an Chorainn re raiter Baile an Mhúta, & do Mháolán Cinn tSeinshléibhe re raiter Ceis Choruinn & do Chnoc na nOnchon inar cuiredh mergeadha Ruaidhridhe na soidhe buidhe Í Conqubur re crannaibh d'ionnsaidhe catha Conachla & do Choirrshliabh na Seghsa go seóldíreach & do Mhainiste[i]r Atha in Da Laarg fur Búill & romham soir d'ionnsaidhe chalaidh na Cairrge.

43 Budh sén soraidh [288]
teach do chur 'na chenn nior chubaidh
brugh os broghaibh
teach tren toirtheach
teach midhchúarta Mhuighe Malonn.
44 [Is] iomdha ann glas is geibhionn
fa bhais *mbannduinn
is uaisle fa Bhuill gach braonfhonn
na úir Arann.
45 Ara Éirenn iath Mhuighe Luirg
is trom toradh

Roinn na Lámhscríbhinní Príomóide, TCD

as foráois éisg san fiadh iodhan
gach cliabh coradh.

46 Coire lán d'iuchraibh is d'ubhlaibh
[.....]
mo-chen(n) a-ta san tír thonnghlain
mur mhín Mhurbaigh.

47 Giolla nach gabh greann re garbhghuin
ar ccenn connraidh
oighre Tomalltaigh mhóir mhenmnaigh.
an chóir congmaidh.

48 Connmhaidh dligheadh
té[i]d as an múr árd mur osleach
gach bard buideach
buidheach gach bard is gach brúlinntigh[sr]
do bhaidhbh Shionna
rún Tomaltaigh go nglór ngreama
nach mor mionna.

& is mor na mionna tug sagart na fairche dia Domhnaigh si chuaidh thart .i. in leabhar aifrinn mor do thabhairt do nach raibhe-se féin ag mnaoi re ceithre bliadhnaibh & is aindiuid do-san sin do radha & misi fein aga fheitheamh ag comhradh risin mban(an)caire & mna far cluas

49 Tug me úadha go raibhe
in sagart go gér da guidhe
nocha n-anann ben in bhaile
seal 'na suidhe.
do bhuaider mor & maine
in t-ol uile.
Uoládh (?) nochon ard uile
an bard buidhe
tarla dhamh ag gniomh na groidhe
an maol moighe.
Mac Diarmada is báidh ler mbaile
nach ttraigh tuile
fer lenus lorg na riogh roimhe
diol gach duine. [289]

Et duine dall do bhi a cClúain Meic Nóis uair éigin re l[.....ain] naoimh & in tan do théigheadh sé for onfuis na Sionna do bheireadh sé fiche esgonn lais a laghraibh a chos & [a lámh]

50 Fa lor d'iongnamh
Mac Diarmada ar cul crannghal
ar brú biodhbadh

& gidh sgel trid a cheile é is maith an t-adhbhur gaire nach beirionn an lair groidheadh acht eintserrach is mbliadhuin & da en déag ag an dreollán & ní mó is rothaimh sin ina mur do-ní in damhán ealla an uair do-chluin sé gotha na ngadhar go tte[i]d sé ar eaneach do innioll a

Leinn. na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

liontad roimh in bfiadhach a ndoigh go ccoinneochaidh se an damhraidh

51 Ó MaolRuanaigh ar ccenn connraid
gach ceall cabhraidh
do gúais sheabhac fial forbhairs
bíadh do bhadhbhaibh.
do gég chráoibhe Clochairs
fuaim a chuilg os cách a ccathaibh
a ttrath tochair.

52 Trath an tochair
ni teilgter druim hí Airt Einfhir
is tren ar ghac ríogh dha-ríribh
gniomh in Ghaoidhil.

53 Gaoidhil Eirenn fa ucht solus
is sliocht fíre.
rí nach bí a bfolach ar fhleaghaibh
[.....].

54 Lamh (a)ga bfuil urchar dubh domhain
nach Lugh leabhair
fer do chur 'na chenn nior chubaidh
bus ferr d'fedhain.

55 Feadhnacha Lacha Cé is cosmhuil
re cruth sídhe
ar glac a lámh don eing úaine
is greim gribhe.

56 Is greim gribhe do ghlac macslis
singe Saidhbhe
nír c[h]u[i]r an cúan o laoch Luighne
gaoth da garbhe.

57 Garbcosg merleach moradh eglus
airseoir Emhna
giolla do fuair clú ar a chorrgha
ar brú berna
baranta le cach o Creidhe
ar ghnaoi Ghuaire.

58 Ní folchar maith hí Mháoil Ruanaigh [290]
a mBaoi Bherra
ní leig damh sgeim ar a sgelaibh
ón eing uallaigh

& is uallach dona Gregaibh gurab é ait a ndénaid siad bailte bunáiteacha & caithreacha comhnaightheacha ar mullaighibh a ccnoc & a ccorrthulach.

59 Ni cles diamhair én na lachan
on mBuill mbraonaigh
is caoin re clíaraibh
fer nach ccuirenn ceim don chóraidh
réidh a riaghail,

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fer dár buidhe Día & dáoine
'ga mbía an baire (& a dhaoine).

248

Foraois na horchra Í Eathach
[O'Conor Don, 273b]
In fer céadna cecinit [Ó Rúanadha (272b)]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Foráois na horcra Íbh Eathach
árus caithme chloinne hÍr
gasroidh Uladh a hucht éinfhir
lucht cumhadh *arna dhéini(o)mh dhíbh.

2 Dercoim rompo ród an Iobhair
iath Ethoch nárbh obthoch nglíadh
lentur mo dheór ar f[h]ert Emoinn
eól ag techt a réloinn ríamh.

3 Íadhtor leó fa leic Í Conaill
clann Rosa mur fhal fa ar
in fert ar chuisne do chosain
luisne ag techt do bhosaibh ban.

4 Nír mhó fa fhleidh a lucht toighe
tríath ó nÍr an tráth do mhair
fer nach gébha ar úaidh nÉmoinn[s]
fúair sgela gac énfhuinn air.

5 Críoch o nÍr fa ain(m)breath mbíodhbadh
bés gach tíre o ttéid a rí
do suigheadh críoch ar íath nEmhna
an díoth ríamh nach derna(dh) dhí.

6 Ag fuil Ír nír fhuloing file
faicsin fleidhe ar nach bí ór[a]
ní tug dhó gan cuimhne ccáoinidh
ró cuirme don áoidhidh d'ól.

7 Iomdha fa f[h]ert óigre Dómhnaill
d'iomdha um chomhuir nach céim soirbh
a mbí um aghaidh fán lía luidhe
ní lía d'falaidh oile óirn.

8 Báoghlach lem nach lúaighter fesda
fine Rosa um Ráith Dá Thí
ní cairt dhóibh ar tháth na Temra
gur ghnáth ag fóir Emhna í.

9 Ge tháid eigsi cloinne Conuill
ag cur a n-aithne ón aird túaidh
ag triall fa Íbh Néill a-nallan
a cclíar féin dob annamh uainn.

10 Nír fhuloing ben ó bharr tuirrsi
táobh ré sníomh a sengbhas tláith
cuirter le mnáoi í fa fholaidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

don cháoi do-ní ar cobhair cáich.

11 Ar breith bíodhbadh beg do sáoileadh
sledh í Rosa na rúag ndoirbh
sledh an fhaghladh fúair sna foghal (?)
ádhnadh fa núaidh fholadh óirn.

12 Dol ad shéna nir sháoil t'ara [274a]
a úa Áodha a ucht mur ghéis
ni cuir soruidh úaidh le t'fhogha
don falaidh fúair ara ar th'éis.

13 Fuair dod máoinibh a mhic Domnaill
nar dhóigh lé daim denamh thort
siad ó thoil ar thúaidh san Iobur
an scol nach bfúair ionadh ort.

14 Teguid ríoghraidh f[h]reimhe Colla
fad comhra a ccenn cloinne Róidh
nír thabhoigh sí th'úaidh don áoidhidh (?)
an bhúaidh do bhí ar h'áoineach[r] óir.

15 Én do-chúaidh os coin na hÉmhna
ara an láoich mur do loit sé
ní éir turbadh d'eón ós t'foghaibh
cungnam deór don aroidh é.

16 Do-nim orcra a n-íoc do mháoinedh
nar mhó tuirrse Thorna um Chorc
gabhtha d'áoidhibh uaim mur anáir
gan uain cháoinidh d'faghail ort.

17 An lá is tiorma mo thonn cháoine
cumha na mban báidhter lé
bheith a caoi got féin um fochair
om cháoi féin nír mothaidh mé.

18 Do lucht gráidh a mic meic Áodha
domhan cháich ag cosg a nderc
marbadh sáor ar fhalaidh h'ara
gabhaidh re táobh t'fhogha ar f[h]ert.

19 Sgáoilter lét ég aicme Conaill
mur cuirios grían grán a déis
mar badh í féin ógbaidh Émhna
fograidh léim an fhédhma ar h'éis.

20 Lór da ccur tar cuímhne Themrach
truime cumhadh chloinne hÍr
a bfhuíghle féin fán leic luighe
ót fhéin ag reic thoighe an Trír.

21 Andamh fesda fer a iomchuir
arm síthe 'gár sáoiledh nert
beg sin da bhfúair leision bfhogha
an úain do-gheibh ara ar t'f[h]ert.

22 Lucht glacoidh an gha da fhéchain
t'fhogha seda ag sniomh a mér
gan drud mbas fa (t')fhogha t'féineadh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

h’ara as ag dénamh dér.

23 Luit dhoimhne do doinnsleagh ngreanta
gabhtur ar geall na ngáoi cró
suil do-gheibh rí cáin ad crich-si
sí ’na láimh ní dísle dhó.

24 A n-íoc do muirne a mhic Dómhnaill
derctur an úaidh d’fuil mo derc
do thuigh nar dhóigh cor rém cháoine
cóir nár gabh an t-áoidhe ar f[h]ert.

25 Cáol lét aroidh d’éis bur sleidhe
sledh da reimhe a ucht mur ghéis
ni chuir brígh ’na fogha d’eire [274b]
an t-ara ag rígh eile ar h’éis.

26 Asa dhó od dul a ttalmhain
tabhairt aighthe ar íath nGall
ní hértur áoidhe um íath nOiligh
ní iarr máoine ót oighibh ann.

27 Léigid uile áongháir chumhadh
clann Áongusa ar h’úaidh ag techt
do gháoith bhas do-chúaidh fa cháinte
nach clas uaim a fháilte ar f[h]ert.

28 A bhúain a húir dob f[h]eidm míleadh
mionn gormgha lér ghabhais trén
do ben a críaidh fogha feindeadh
t’ara ad dhíaidh a[g] denam dér.

29 Fresdol cháigh a ccumoidh orcra
d’éis a chéile ní céim soirbh
caithemh an láoi ar h’úaidh ní héidir
gan búaidh ag cáoi eigin oirn.

30 Siona fúara ag foghail tháintedh
tonna an chúain ag caithemh líog
fúair táin gan imthecht an oirir
ingheilt laim ré toighibh tríod.

31 Fuacht an tsamraidh um crich cCúailgne
ar crodh toighe ag tabhairt áir
do-ní an tsíon da dhíth ad dheghaidh
crich do dhíon ar chenuibh cáigh.

32 Nír shaoil cách a mhic mic Áodha
easbaidh thoraidh ag techt dhiot
ní bhí reisi a n-am an fhóghmur
go barr déisi a ttalmain tríod.

33 Ní fhuighid cách um crich nGaoideal
an grán cédna choídhche a ndéis
ge bheith laimh ré crodh gan chóimhdhe
fál don or a foilmhe ar h’éis.

34 Duile balbh ní bhalbh n-orcra[s]
tre fhuil nÍr gan eite lúidh
do-bheir a trom ar chlár cCabha

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tonn le tragh(a) [c]ara a ccúil.(?)
35 Ráoin tar linntibh ón leic óigridh
a n-am thesa ó truime an reóigh
gáoth chúain ’na aghaidh ar eitil
nír anoigh búain eitigh eóin.
36 Clocha um tulchoibh teilgid sreabha
sion a bonnaibh ag buain lúidh
tug ón gháoith trom ar a troighidh
bonn láoich no gur fhoiligh úir.
37 Do bhí úair budh iongnadh folamh
an fiodh a-tá a tteirce chnó
nír dhiult fer an lá búdh lenabh
an tsreabh a-tá ag deradh dhó.
38 Fásoidh dreasa um dhúintibh folma
fásoigh fér a n-áit an oir
bentur a fíaghoil Bhenn mBoirche
eng d’iarraidh san oídhche d’oigh.
39 Ni fhuighter coill ’na coill mhesa [275a]
tre mac Dhomhnaill do dhol uainn
ní lé do-chóidh ar a n-ísle
táin ’na ghar san tír-si thúaidh.
40 Lasaid neoill ó neimh an teinntigh
tonna ag reódh na ráoin ag drud
lentur slighe eóin go hughaibh (?)
tighe an fheóir um thuloigh tug.
41 Grían ar ndubadh a ndiaigh Émoinn
Ibh Eathach gan aithne an ré
tech tirim an úair do aghoin
fuair dílinn do anaigh é.
42 Tré Emonn óg d’íomad tuirrsi
treigid dáoine glioca a ngáois
an rath ríogh na creid gan claochládh
ní léig an tsíon d’áonphor áois. Foráois ...

249

Formad ag cách re clú Muiris
[RIA 1134 (23/E/29), Book of Fermoy, 202]
Ua Maethagan cecinit .i. Seaan
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]

1 Formad ag cach re clu Muiris
a clú ar chach do chosain
clu do cennaigh ar gurt ghaiscidh
deacair dul on obair.
2 Clu do coimhed isna cathaibh
oired re chlu as cosmail
ni heidir car re clu Muris
ni gar gac clu commaith.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

3 [Ni]r leig sud a trath an tachair
a clu re cach [...]n
terc do chach is meg do Muris
ma a-ta mes ar moghaibh.

4 Fer len hannsa dámh ’na dhegaidh
lán d’annsa gac olluim
fer as egail le crich cintaigh
do-ni creach(n)a is cogaidh.

5 Fer mar o nDuibhne a trath tachair
suirghe ag mnaib re moghaibh
Cú an cerda ’ga mes re Muris
fegh tennta no thochair.

6 A mes re heineac an fir-sin
creitter gum[ad?] cosmail
ni tairgthi thecht re maith Muris
an fer bhus maith moltair.

7 Beg a cheisd a cradh do chaitim
a bhlagh ar cleith Comair
a bidba ag toct do thigh Muris
ac sin cosc an cogaid.

8 Gan do coimghi acht ic a n-abair
ar fhich coinnli Comair
do-ni ar an arbur nar eascair
faghmhar a crich chogaidh.

9 Gu sguir dá cogad ni creitter
codlad is na clochaib
fuicfid rí aithli gan fhaghail
tir a n-aici ollaim.

10 Tír ’ga minargain le Muris
inChablaig (?) an obair
tir ar cennaigh gnai do Gallaib
creachthair le craeib Comu[i]r.

11 Tar nos an Roitsigh ni racait
Roitsigh gid mór moltair
ní fagthair tegh mar thegh Muris
tegh a n-anaid ollaim.

12 Ceann Corad ’ga cur ’na agaidh
an brugh solus socraidh
buannacht ag daimh isin deigthigh
Raith Cruachan a chosmail.

13 Mestar Teamhair re mur Muris
Emhain ar chlu a chosmail
Nas na Righ ’ga cur ’na chumaidh
brugh gan scis re scoluibh.

14 Terc ar ghnai tegh mar an tigh-sin
na fer mar craeib Comair
imdha cliar ag techt don tigh-sin
lia creach ana comhair.

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

15 Do-gebhthair duais isin deighthigh
do médaig uaill ollaim
suidhfidh grib Banna san brug-soin
lín catha gan cobair.

16 Gach re fer gu dol a ndeabhuidh
an scol is cleath Comair
a lot do grib Boirni bacfaidh
tir gan choimhgi chogaid.

17 Saeirsi nibudh ail o fhilid
a raith craeibi Comu[i]r
a mbi ag dul 's ag techt don tigh-sin
dar leat is lucht lobhaidh.

18 A-dér ris ni radh nach cantair
damh ad brugh ar bosaib
as imdha a sgoth Cliach ad cathraig
cliar 'ga cor ar cholc[th]aib.

19 Tucais don cleir ni breath bunid
'ga reir a cleath Chodhuil
buaine ina in t-or theit a taiscidh
a nós da eis oraibh.

20 As imdha fuil airmhech umaibh
a n-aiream is obair
a-ta fuil Eimhir att agaid
mar ceiddig don co[r...].

21 A-ta fuil an Cuirc-sin Chaisil [203]
a Muris ad moghuib
da ndernta uabhur on fhuil-sin
ni huabur ga[n] fhochuin.

22 Fuil o Ceinneidigh ní ceiltir
teinnéirg[i]d 'na tonnaib
rainic braen airm[ea]c don fhuil-sin
h'airemh a craebh Comair.

23 Fuil Barr[a]c Óg nac og n-einig
romad 'na rót shochraid
fuil Búrcach ad mhein a Muris
h'úrdhacht fein 'na fochair.

24 Fuil Roitseac ní hi nar ibhis
do doirtead hí oraibh
fuil gac righ doba ri ar Mumain
sí trít (nó tríb?) ana tonnaibh.

25 A-ta a thuir Chobha is ni ceilter
fuil Mogha tred mhoghaibh
[second half missing].

26 Meisdi ar airmhes don fhreimh romaibh
h'aireamh fein 'na fochair
a-ta mar la ag breith bisigh[s]
an teisd do fhas oraibh.

27 Do ceilead leat a cleath Caisil

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

nech dh’eit[i]c a ollaimh
ni theit od mhuinntir a Muris
acht ugdair gan foghuil.

28 Dod sciath ban as beg nar chaithis
san agh a chleth Codhail
teid lann a tighi isna treasaibh
a badhbh Fhinni ott obair.

29 Da mbeth feidhm nar hadmhadh aguibh
admad an fheilm oruibh
luireac breac o eintreas umaibh
beg nach eidead (?) othrais.
ni bhudh anair cuid dod chulaid
d’fagail ar cur coscur.

30 Maith an tir a-ta fa Muris
gradh don crich as cosmail
tir gan ardghuth aga huiscibh
annsacht dí ní docair.

31 Fegha na criche ara cimhsaibh
sreabha trithi o thobraibh
don cuid is aichreidh dh’iath Muris
do-niad caislein cobair.

32 Mogh Ruith tar gac tir dar thaisdil
as í rug do roghain
dobo coir don draidh mar dubairt
tir nar choir ’na comaidh.

33 Cailli an druad on draidh-si a-derair
slúag trithi ní thograid
tir gan ceisneamad re coinnimh
neimheagal hí d’foghail.

34 Ni cluinter muilli fa Muris
an t-uisci ni fhogaid
sleibhti ’ga cragh ara cimhsaibh
gar da ceili a cobair.

35 A-ta an tir-sin ag breith bisigh
on righi ag cleith Comair
nír clecht an mac-sin meic Muris
bheith a n-agaid ollaim.

36 Saeirsi gan enlocht re aithris
denomh craeibi Comair
an rosg mallghlas ar gne an ghedhair
nar treig annsacht ollaim.

37 An ded ban no an braighi gheal-soin
do mnaibh táidhi is tochmairc
an gruaigh nár cuir uain ar fhilid
fuair a cuid don corcair.

38 Bel derg gan tlas isna treasaibh
an geall o chách cosnaid
glaca mar ael ag an fhir-soin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is taebh seda sochraid.

39 Da troigh thana arab tren filid
a sen catha cosnaid
fechain caillbile clair Caisil
gradh maigdine mosglaid.

40 Cuirfidh mac Siuan le sirthibh
tinal ar cragh cogaid
mairg darab dán dol ’na aghaidh
da chosc a trath tochair.

41 Fuair mac Daibíth dh’íc ’na fhalaid
lainchis o crich chogaid
cuiridh d’fiachaib ar crich cintaigh
gac ni iarrait ollaim.[x]

42 Inghen hi Briain nar ér ugdar
scel ni bhia ara bronntas
le tabhuir sgoth Éirne dh’airget
sgol ’na ceili chonnmhas.

43 Ni bhi ag Nualaid ar daimh dermat
Nualaid dhaibh mar dobhradh
inghen Taidhg ’na dhiaigh fa dhegblagh
os aird biaidh a bronntas
re tabair gribh echtgha dh’ughdar
na bith feasda formad. Formad ...

250

Fuair Domhnall oighreacht an einigh

[RIA 475 (24/p/25), Leabhar Chlainne Suibhne, 76r, p. 145]

Dondcad O Cleirigh cecinit

[Séadna, Dán Díreach]

1 [F]uair Domnall oighreacht an enigh
iomdha ce[i]m ’nar chosain se
do braith cliar ar truimme a thoirbeart
uirre riam don oigrecht é.

2 On fhior lenus lorg a chinid
clár Fodla fuair a toil[s]
ni theid an clú a ce[i]m da dhuilghi
nac le[i]r do cru Suibni soin.

3 Tapart (?) a cúil da ceird duthcu[i]s
tre dail maoinedh mor a doigh
do-chuaidh clann ollaim tar fhoghlaim
o barr brondaid Domnaill doib.

4 Ua Ruaidri go dol a ndeabaid
ni dernad leis lon da ghábh
gnath ana re cois an caithme
fagha ’na bois d’aithle [áigh?].

5 Decair traothad da thuinn muincinn (?)
Mac Suibne gur thanaig thoir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fedhm ar shamthaig ’na bais bairrgil
le mblagthair frais d’failgib oir.
6 Fedm os niort do-ní da fechain
fedhain loech nac loc le geis
a cur chairthi o ghlun go gualainn
úr na faithchi ar luagaill leis.
7 Go tabach (?) ceirt cloinne Dalaig
decair a troid cur re a chládh
ni fuil ara thuaigh do truime
nac fuil do buaidh uirre a n-agh.
8 Sgel as minca le mac Suibni
slan on troid nac tic ar ais
a coscc confaid buana a mberna
*blodhtair tuagha lebra lais.
9 Ar tshluag Fanad fuair mur choemna
do-chuaid dib an doigh nar mair
do luigh fedh aigh edir (?) foebraib.
fer don toir gan oenguin air.
10 Minic fhágbaid d’eis a mblodhtha [76v]
bruighne biodhbad fair smoil[s]
siol Suibhne ar gac toebh ’ga tomhus
toeb bruigne gur dorus doib.
11 An fad tiaghaid téd a haigned
inghean righ nac roinnfed lá
a ngrian troda re foir Emhna
foda do-chóidh menma mná.
12 Gach troid da gcuir coir a mhaoidim
mac Toirrdealbaig suil ti noin
ge beg don toir a foil futhaib
ni róigh soin da nduthaig doib.
13 Cennbhili cnúais cloinni Suibne
sinedh re a blad beg nac ró
ticc do ghniom an búanna a mberna
guala riogh go nderna do.
14 Cerd gach buanna blodad cliathcha
do chuid di ni dechaid thort
an trath bus debed d’fhuil Fhiachaig
do chuir deredh d’fiachaib ort.
15 O t’foghlaib minci a Meic Shuibne
do shín chugaib cách fad gairm
tucc tú airdiarraidh ar fhogail
cú airdfhiadaig oraib dh’ainm.
16 Se le cach ni cuirthi a n-ingnad
ennac slan nac ticc od troid
do gonadh fer léd cle[i]th gcorcra
fa bre[i]th legh nir dolta dhuid.
17 A ua na righ do fhre[i]m Eogain
imdha tir a tucais mairg

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

cosmail do buille a truaill treassa
re fuaim buinne eassa aird.

18 Lion áigh let fhaicsin a Domnaill
dealb gac áoin do athraig gné
do-clos a fuaim ar fedh troda
fer od túaigh ger fhoda he.

19 Iadaid imad d'uaislib Fanad
foirend loech nac loc o ghliaidh
siobal rioghna a cend an chatha
fa diorma eng ndatha [ad dhiaidh?].

20 Dob fada traigh od tuinn fhergi
d'fhoir biodhbad go tucuis troid
tú 'ga cur a serg le samthaig
t'ferg 's gan dul a nda[bchaib?] do[id?].

21 Ruccuis o buannaibh buaidh comlainn
cain gac tire ag teacht ad port
rioth do mháoirsi ar cach on chliathaig
daoirsi san ath d'fiachaib ort.

22 Nir hanadh lat co lar cúirti
cach uaib-si nir an re a drud
sib a clódh chatha go comlaidh (?)
srol datha fa tonngail (?) tug.

23 Ticc ad timchil a thus fhedma
elbha loech fa a leicter gort
tú ag sínedh le tuaig a tegmáil
nir uair mileḍ d'edrain ort.

24 Do ben diob gan dol da bhualad
bró mhiled nar mhaith a ndoigh
's iad ag sgaoiled o choir comlainn
toir re maoidim Domnaill doib.

25 Bid 'na timchiol a tig comhóil
ar clannaibh riogh go rucc barr
do-beir fled 'na dhun do dháoinibh
fear ar chúl gach áoinfhir ann.

26 Nir gabadh le co lar tachair
tuagh beltana blodhus fe[i]lm
on fheidm do cuired uadh uirre
tuagh gan fuigheal buille a mbe[i]rn.

27 An trath buailes fa broin miled
minic is báoghlac buain di
gris ar fedh comhlainn da chaoilshleig
medh Domnaill re n-aoigid hí.

28 Go buain a ceart do chlar [M]acha
do Mac Suibne is si bus cairt
cur laime fa thuaigh a tachar
bráighe asa fuair achad Airt.

29 D'feraib Fanad na lann liomtha
laoich 'ga togha ar tresi a lamh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nir geab fa fion ara uille
acht fer bud diol uirre a n-agh.
30 Aigned ban da briogh ar merbhall
Mac Suibne an trath ted san fe[i]dm
do-be[i]r mna gan foglaim uama
lá comlainn ar buanna a mbe[i]rn.
31 A fer comlainn o crich Danar
a dhol uaidh ni he do-clos
loech tar sal a leth a laime
ler nár breth a baire a-bhos.
32 Mac Toirrdealbaig uaitne an enig
annamh fer bud choir 'na chlo
a shleg re comlann do chainti
Domnall fer a dailti dhó.
33 Ar fedh gliadh da ghlacaib leabra
lorg a buailti benaidh snas
iadais a bais fan tuaigh tarrngig
glais fa uaim ar aindribh as.
34 Nirb ingnad e a n-esbaidh maoinedh
mac Toirrdhelbaig le a tug úaidh
se & Fanaid a cló a chele
ranaig don ró fele fuair. F...

251

Fuair Éire adhbhar osnaidh
[RIA 285 (3/C/9), 56r]
[Date 1701, see qt 44]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fúair Éire adhbhar osnaidh
tré ég aoin dá mórghasraidh
meath do gach eining an t-ar
as creach d'Éirinn go hiomlán.
2 Ní creach mar gach creic a ccreach
do íslíg agh na ruirioch
[a-]ta gach taobh toll mar sin
do dhall gach aon dár n-uaislibh.
3 Nir fagbhadh deor san deaghfoir
d'féin Ghall na d'fuil Éiriomhóin
ón mbeadhgadh 'sg[ac]h beirn do tháil
gan seargadh lé teidhm toc[h]ráidh.
4 Ní héintír a-mhain do mill
an creach oirdhirc-se a-deirim
díoth do gach tréinearr an tár
acht crioch Éirionn go hiomlán.
5 Do seargadh sonn *amaise
frémha(ch) uaisle is eaglaise
's biaidh gac teagh gan tarbha uadh

Roinn na Gaeilge UCC · na Tríonóide, TCD

ar feadh Banbha go biothbhuan.

6 Tar gac cuid d'Eirinn gan acht
do cailliodh cóigiodh Chonnacht
a ccas as léir nach loise
tré bhás an fhéil uasail-se.

7 Do leónadh a lúth gach tan
síol O Conchobhair agh ughdar
a meath as díoth a ngac dionn
ar feadh na ccrioch go coitchionn.

8 Do snoidhiodh a sén 's a suim
Ó Neill daoinioch Ó Dhomhnaill
rioghraid[r] chríonna[r] bá clothach[r]
's fionfhuil[r] rioghdha[r] Raghallach[r].

9 Ag so an chreach as cnaoi don druing [56v]
Lúcás mórdha Mhac Dubhghaill
an tréd don treorfhuil gan oil
tré ég an leomhain lúthmha[i]r.

10 A-tád Diolúnaigh 'na ndream
fá éincheas thrá 'na thimfioll
fóir shoirbhghlic a ngac glór glan
an slógh oirdhirc as uasal.

11 Clann tSuibhne bá cruaidh i ccath
fian nár chuir cisde a ccumhdach
cúis amhghar a dhula dhóibh
adhbhar dubha agas dobróin.

12 Ní nár a mbeith bhós mar so
fán fhéinidh [do] chrú Colla
flaith gan meang 's gach rian ad-re
dob fhearr ciall agas cuimhne.

13 Baoi ísan laoch gan lot 'na chuing
foighide fos is foghlaim
mílid conáigh crann gan chol
's onóir gach am san úasal.

14 Inntleacht 'na n-aice gan lot
baoi san laoch lán do chríonnácht
cródhshlat gan tacha 'na thoil
's mórdhacht flatha 'na bfochair.

15 An fhoghlaim 's an uaisle ghlan
do-chuaidh lais fa(n) thuinn talmhan
cíall agas críonnacht gac am
fíal gan fíorlocht is fulang.

16 Crann toraidh ba foichne fais [57r]
go heg an leomain Lúcáis
a mórdhacht 's a maith molta
crodhshlat dhaith gac deaghshompla.

17 Deagua mheic Dubhghaill diol gráid[h]
Lúcás an aignidh iomláin
mairg ór fhill réim a raithis

Roinn na Sean-Leabhar, Col. na Tríonóide, TCD

nár mhill méin an mhórmhaithis.

18 Urmhac Fheilim bá ceart ciall
Lúcás oirdirc gan ainmian
sdiu[i]r ro bá humhla[r] d'file
bá ciuin ceannsa ceillidhe.

19 Tárla cás cosmhail dár n-olc
i n-iath Éirionn na n-ardphort
eochair ba caoimhleath don chéill
fá Eochaidh daoinioch Doimhlen.

20 Lóchrann ba lonnrach sonna
athair na ttrí cceartCholla[a]
gég abhla gan chlaon 'na ceill
an chraob chumhra go ccaoinmein.

21 A chlú go cian do leatnaig
caomhmac Cairbre Lifiochair
a réim as a reacht ro-clos
ar cheill ar cheart ar ceannas.

22 Eochaidh caomh an ccein do mair
úrmhach rígh Eirenn écthaigh
crann raithios gan chnaoi gan chol
baoi gac maithios dá mhoradh.

23 Nírb fada dhaibh 'na dhiaidh soin
go bfuair bás cenn a ccumhdaigh
do gach cill bá cás croidhe
bás do mhill gac mórchuire.

24 Íar n-ég Eocaid cran gan col [57v]
do traoth treinneart na cColladh
flaith duasghlan gan c[a]lg na cion
o úasal ard go hísiol.

25 Do ég mo-núar a-nosa
fan ngríbh Lúcás laochdha-sa
doghraing g[ac?] cuire an crann cáidh
clann nDubhghaill uile [.....].

26 Nír mheasa an chreach do chrích Chuinn
Eochaidh Doimhlén dreach shéghaín[n]
drúchteás[r] a dhíth a ngac alt
na Lúcás do chrích Chonnacht.

27 Nírbh úaisle é d'iul sgoile
do réir rolla rioghraidhe
clúghlac gach sénfhuinn mar sin
iná úrmhac Fhéilim áirmhigh.

28 Iomda airdrí d'iúl na sgol
ó Lúcás úr go hÁdham
mar áirmhid cuire gan chol
táinic roimhe sna ráonaibh (?).

29 As cóir a ccoimios mar soin
Lúcás laochdha 's a athair
dias gan cheas ceille 'na ccáil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

lé cheile ar mheas ’s ar mhordhail.
30 Clann nDubhghaill an fhian amhra
Mág Uidhir Mág Mhathghamhna
slógh soirbhghlic sonn go maisi
clann oirdhirc an Eochaid-se.
31 Clann nDomnaill ré dídion dam
is siol cCeallaigh na ccomhdal
a ngac troid bá cuire ós choill
an chuid oile dar chaomhchloinn.
32 Ionann fuil daibh gan dolaidh [58r]
’s do Lúcás laoch buadhamhail
*no sloigh ba soirbghlic[r] mar soin
dár choir doirbhios ’na dheadhaid[h].
33 Iomdha baintrebhtach gan bríg
iomdha dílliochta is dailtín
gan gaghall gan sén mar so
fá lén gan anam ionnta.
34 Truagha Dé dol dá aigniod
flaith dob fhearr lé(n)[a] fiorchaidriobh
ré cur ceasd suasan gac seal
a measg uasal is isiol.
35 Baoi se go seasmhach siansach
baoi go cráibhthioch coinsiasach
sgaith gan tar ler teigh gac tol
lan do chéill is do chrábhad[h].
36 Macaomh bá buan do bhunad[h]
cennphort cliar do chothughadh
toirbhiortach bá caomh gan col
an chraobh oirbhiortach uasal.
37 Tromdhacht impir fos flatha
liomhthacht aignid ealatha
is rio(gh)mhoid gan cluain na [ca]cht (?)
fuair on Trionóid is tabhacht.
38 As orchrach da éis an múr
Mointioch *Lúcáip an laochdun
dún searcghlan gan chlódh fá ceas
do chleachtadh ól is aoibhnios.
39 Dun daoinioch ba buaine *brut [58v]
dun cuachach feasac fesdach
dun róidhealbhach gac seal sin
teagh moirmheanmnac[h] an Mointig.
40 O[d]-coidh a cheann (?) ón dún dil
Lúcás an socraidh suilbir
an cean[n] oile Dia da dion
cia ’go *ngloine gach glainghníomh.
41 Glóir do Dhia [do] dhealb gac dúil
a-tá feinnidh fíal fortuin
óg gan chiaidh gan ghlonn go gal

Roinn na Sean-Ng, Col. na Tríonóide, TCD

’na dhiaidh sonn ar an saogal.
42 Seon Mhac Dubhghaill Día dhá dhion
crann cumhdaig[h] damh is deidhghniom
cen[n] buidhne as beolacla gnais
oighre leomhanta Lucais.
43 Do-dhena sé sonn mar sin
ait a athar dá dhaoinibh
gan fhoilchios da gnúis as glan
cúis as oirchios don uasal.
44 Seacht cead deg bliadhain go beacht
’s a haon ní hairiomh ecceart
*a thocht Chriosd i ccóm Mhuire
gur dhíosg an crann cumhraid[h]e [date 1701]
45 Iar n-imthioch[t] dá chaidriomh caoin
’s da onoir aird gan anaoibh
amhghar béime gan bhuaidh soin
fuair Éire adhbhar osnaidh. Fúair ...

252

Fuar a-réir caoimhtheach an Choimdhe
[RIA 10 (23/M/12), 62]
Mac a Bhaird .i. Giolla Pattraig Óg cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Fuar a-reir caimhteach an Choimdhe
cúis cailleamhna a crotha féin
guais linn ina croidhe choidhche
rinn goimhe na hoidhche a-réir.
2 Re colún comhfhada cloiche
ceangloid Iúdaidhe úan Dé
dion a braithreach crua(i)dh ro cheandaigh
fua(i)r an caimhteach erraigh é.
3 A-reir adaigh Aoine an Chésda
ní córa labairt don líg
truagh ar lean da chlí don cloic[h]-si
mo-chen do-ní tuirse tríd.
4 Do bhí a-reir fa ainbreath mbiodhba[dh]
do bhí a combaidh chuige & uadh
iomdha ní ’nar n-aghaidh aige
’s do bhí an adhaigh fada fúar.

253

Fuarais th’iarraidh, a Éire
[RIA 2 (23/F/16), ‘O’Gara’, 84]
Seaan O Fialan cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fúarais th’iarraidh [a] Éire

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

re hathaidh gan fh[e]ircéile
ge a-táoi a Bhanbha a bhean Logha
tarla t'fhear a n-áontogha.

2 Mór d'anshógh do fhuloing sibh
nac budh urusa dh'áirimh
a chríoch Bhanbha a buime Cuinn
tarla h'uille ar h'ealchuing.

3 A Éire ní hiongnadh dhuit
díall re rígh do fhréimh Chormaic
brat ar th'iarraidh nochon fhuil
diallaidh gach mac ré a mhathair.

4 An rí le raiphe t'fhuireach
fúarais ní fear comhuidheach
beanuim fé(a)in a dhíamhair dhe
O Neill th'iarraidh a Éire.

5 Gidh iomdha rí 'ga raibhe
algus innsi Láoghaire
do-chí fiadhain nach bfhúair sí
a híarraidh uainn go hénní.

6 A-ta Éire uime soin
mac Eogain gidh é a hiarraidh
mur bhíos bean nach bí coimhseach
is í ar fhear go hamhoirseach.

7 Ní fhaghaim d'éis ar chanas
d'abhphar acc a n-amharus
taisccidh rúin Téamhra Dha Thí
acht súil Eamhna re hÉnrí.

8 Na biodh 'na amh[a]ras air
tréagadh Éirionn ar Úlltaibh
a bhuime gidh í Eamhuin
ní as uille ina an oileamhain.

9 Bréagfaidh Teamhair teach na ngiall
gradh Eamhna o oinchoin Ghailian
ní bfhuair fear budh deisi dhi
treisi bean ina (i) buime.

10 Neasa Teamhair na ttri bFionn
do sgélaibh innsi hÉirionn
cóig róid acc rochtain as-teagh
a hochtaiph na ccóig ccoigeadh.

11 Gach comhradh dar cuireadh air
fa gach cúis dar chan Fionntain
da sguireadh O Néill as nár
go ccuireadh céill san chomhrádh.

12 Da ttugtháoi re a tteacht a-noir
obair mhís re mac Eogain
don Mhidhe 'na maoidheamh linn
sgáoleadh a h-ídhe dh'Éirinn.

13 Ní fios ar a bfuil diamhair

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

ceart chloinne Neill Náoighiallaigh
guth 'na aghaidh nochon fhuil
sruth a caraidh a chosmhoil.
14 Ar Bhanbha ga beag an chuing
MáoilEachloinn mór mac Domhnaill
fúair an ré deighionach dhí
d'eanfhiodhach é & Enrí.
15 An rioghraidh 'ga raiphe soin
d'fuil Conaill do clainn Eogain
fada an ceas do bhí ar Bhanbha
nach feas gurb í an athardha.
16 O Máoil Eachloinn áonaigh Breagh
nír fhás rí do fréimh Ghaoideal
gidh mór ccéile do íarr hí
lér ghiall Éire go hÉnrí.
17 Do bhí an ceas-soin eacht oile
thuasad ar thír Laoghaire
acc car gach díne da druim
an ríghe gur an ag(h)uind.
18 O aimsir Nuadhad Fhinn Fhail
fir Éirend dóibh fa díoghbhail
tig bás gach riogh re-roile
dhiobh no gur fhás Úghaine.
19 Gabhu[i]s Éirinn da éis soin
mac oirrdeirc Eachaid[h] Buadhaigh
Éire go búain re a bhanais
ní fhúair céile comhadhais.
20 Da fhithchead bliaghain beacht linn
do ghaph Úghaine dh'Éirind
gér áoibhinn di ag gach duine
a mí aoibhill Úghaine.
21 Do fhágaibh Úghaine Mór
tiomna nach cóir do chláochlódh
Banbha fa chána aga chloinn
mur thána a ngarrdha ghobhoing.
22 Ceannas Banbha go ttí an bráth
da mhaicne ga mó conách
an uan-sin mur budh úain ghearr
fuair o uaislibh na hÉirend.
23 On leabaidh a luidhionn grían
go muinchinn mara tToirrian
a(i) tinmhe ni dhligh duine
acc sin inmhe Úghoine.
24 Docraide Teamhra Dhá Thí
muna háincear le hÉnrí
toiscc Úghoine tar sál soir
ar cclar Únai-ne íocfoidh.
25 Clann Neill Caille as corcra fuil

Roinn na Sleibhe, Col. na Tríonóide, TCD

béid ag Énri mac Eogain
ná slúaigh-si san riocht roimhe
sliocht as uaisle ag Úghoine.
26 Ní hongnadh le hinis Fáil
gion go mbeith feain da furáil
ar ngabháil libh id leanabh
sibh d'fagháil ar n-aipceagadh.
27 An roinn ar a ro[i]mhe sin
cuicciodh Uladh úair éigin
an tír-sin 'na tri trianaibh
dísligh í da oighreadibh.
28 A-deardáois da n-andáois air [85]
an chlann-sain Chonaill Gulbain
nar chóir cuigiodh rú do roinn
an cúigiodh cnú don chropoing.
29 A fhagháil ní hiongnadh dhóibh
ar tteacht leat líon a ttionóil
trian Chongail do léim luidhe
folmaidh do fhreimh Rughruidhe.
30 Na cumghaidh ar chlainn cColla
eanchuid da ccuid chomhronda
ag sin do fhleasga lámha
ni hiph deasga a ndioghbhála.
31 D'furtacht Eirionn amhlaidh sin
tiocfa rí fhréimhe hEógoin
líon catha dhá chúiccedh féain
racha ar an ccúiged coisgéim.
32 Do-bhéra a mhic mhic Úna
Éire as annbás iontnúdha
a cúigeadh o Neill a(o)-noir
an cúicceadh céim go Cruachoin.
33 Síol cConchubhair Chnuic an Sgáil
bearaidh leat lór do combháidh
céim san chomhraithne o chíanaibh
combraithre Neill Naoighiallaigh.
34 Da cúicceadh Muman Meic Con
muna bréag briathra a tt[r]achtadh
a-ta a n-úmhla a rí romhaibh
ní as ullmha ináid E(a)oganaigh.
35 Ní airmhe ní hiongnadh dháoibh
od cheangal re cloinn cCatháoir
gion go bheith acht Laighin linn
neach at aghaidh fa Éirind.
36 Da ngabha o Ghallaibh ghuirt Fhloinn
cendach do chionn a ttearmoinn
créd acht reic innsi hEalga
millsi dheit a ndibheargha.
37 Ní thicc má thainig roimhe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Éire inis Láoghoire
suil dob hí ar n-inmhei-ne í
rí budh inmheidhe d'Énrí.

38 Maitheas fa mhéd a chaithme
fúair o Cheard a chruthaighthe
dealph ríogh ar eighre na nArt
díol a deilbhe do dháonnacht.

39 Aithintir ni hionghnadh dhi
ni dhearnadh d'úir no d'uisgi
cré bú fíorghloine ina [a] fhuil
míorbhuile Dé 'ga dhéinimh.

40 Lé hiomad rioghan is ríogh
a-ta uime nach d'éinshíol
tuireamh na bfholann o bfuil(h)
ní chuireabh oram(h) d'f[h]iachaibh.

41 Eochaidh Feidhleach le bfhúair sén
uime & Eochaidh Duibhlén
a ccomhardha do-chím air
na righ chomhanma o chíanaiph.

42 Na Finn Eamhna nar ob cath
tri sinnsir slaiti Teamhrach
na trí haithre ór fhás an rí(gh)
ní cás a aithne ar Énrí.

43 A-núas o Níall na náoi nglas
aithne dhamh dia do sheanchas
gach énrí ór fhás an fear
acht an gnás d'Énrí a n-áireamh.

44 A n-áireamh ga húaisle linn
na seacht rígh dheag-sa a-deirim
don tréd 'ga mbíodh an Bhanbha
no an céad riogh gan freasabhra.

45 On rígh dheighionach dhiobh sin
a-táoi a Bhanbha a bhean Eimhir
acc togha O Neill gus a-nois
do rogha feáin go bfhuarois. Fuarais...

46 Tú an riogan 'go raibhe a ndán
a bheith id sheilbh a Shiobhán
ionann ceile deid is dí
o dho chreid Éire d'Énrí.

47 Fúarais rí bú rí ar Bhanbha
a inghean Mheag Mhathghamhna
Éire fat cheantaibh ret chois
d'feartaibh na féile fuarois. Fuarais ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

[Rannaíocht Bheag, Ógláchas]

1 Fuath lióm-sa fuatha Chormaic
mac mic Cuinn oirdhearc uasail
fuath lióm gach fuath dár dhearmaid
mac Airt o Theamra[igh] Tuaithill.

2 Fuaith lióm-sa gan Íosa d'ádhrádh
cúis gach anma do dhaoradh
fuath nách raibh le linn Cormaic
ag fiannaibh gormgoirt Gaodal.

3 Fuat lióm luíghe air an eaglais [174]
fuath do dearmaid rígh Uis[nigh?]
beag oram crábhadh bréige
fuaith lióm cléireach gan tuigsint.

4 Fuath lióm airdrígh go haimhghlic
miosgais lióm daidhbhir díomsach
fuath lióm oircheas oile
soisior cloinne na díoga.

5 Fuath lióm ollamh gan anáir
fuath lióm gabháil ag dhaoithibh
fuath liom droichfhear mná maithe
fuath liom mná saithe ag saoithibh.

6 Fuath lióm oirfedach aimhleisg
mairg fear feargach dár dheonaicc
fuath lióm aoidhedh go doithiollach
fuath liom tuaithbeart fir eolaigh.

7 Fuath lióm seanshagart suirgheach
níor smuain crabadh cuimhne Cuailgne
dá mbiaidh ag dedhaithir drochmac
tearc dá olcas ní is fuatha.

8 Fuath lióm tromdhacht air tharamain
fuath lióm bladhman fir bheodha
fuath lióm cónach gan caithiomh
fuath liom bagair air dheoradh.

9 Ciodh nách badh cneasda a Choimdhe
fuath don fhir fhoirfe fallsa
is mairg do oighre Airt Aonfhir
nár fhuaithicc Gaodhal Gallda.

10 Fuath lióm gradh daidhbhir fuatha
fuath na cuallaigh ag rígh eile
fuath lióm creacha tar síothcháin
ní fuath lióm dioghbháil ar dhoithchiollach.

11 Cruaghas a n-ógmhnaoi fhir arrsa
dár meannmainn ní cúis grádha
gach mac riogh bhíos go róchruinn
bíodh a cconclainn na mná-so.

12 Fear meata a ttreallamh suaithnigh
fuaith dom fhuaithibh a *n-iargail

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fuath lióm buana gan ea[n]gnam
& cend fedhna gan bíodhbha[i]dh.

13 Fuath lióm sásdacht bathlaicc
fuath nách fachaidh ua gealChuinn
fuath cailleach go cáinteach
fuath lióm tóirsi gan tarbaidh.

14 Fuath lióm áineas ban ccráibhtheach
fuath lióm dánacht fir mearbhuill
fuath lióm caisleán gan oíghre
fuaith lióm dedhmhac ag teithe.

15 Fuath lióm máighdion go hocarach
fuath lióm daidhbhris fir oinigh
fuath lióm foghluídhe maoth méirtneach
fuath liom teithe gan abar.

16 A-táim tuirsech dar dearmaid
Cormac ó Teamair torghloinn
d'iomad fós ara bfuaras
fuath liomsa fuatha Cormaic.

255

Fuigheall formaid fonn Sligigh
[RIA 3 (23/L/17), 53a]
Eochaidh Ó hEoghusa cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Fuigheall formuid fonn Sligidh
bés do díochra a ainigin
tar chrích n-úir mbinnealuigh mBredh
cinnemhuin tnúith 'na tímcheal.

2 Ní shill cara cairg ngoimhthigh
ní mó do-chíd comhoighthidh
saoire a múr muirmhes a tonn
fhuilghes gan tnúth 'na tiomcholl.

3 A mbeith d'fagbháluibh uirthe
dob ferr di nach deonuighthe
cnuas a tirmshreabh teirce a sriobh
tibhredh seirce na silliodh.

4 Mairg dhi nach díthreabh ndocra
nó cairge chuas bhfaolchonta
a bruaigh chóimhréidhe a clúimh the
's nách úir mhoingshléibhe a muighe.

5 Aithrech nach amhluidh do bhaoi
fonn Sligidh na ttreabh ttiormchaoi
slesa a bruachmhadh benn n-eltach
'na ghlenn uathmhar ilrechtach.

6 Misde nach ciomhsa carrag
féith chiuin a cuan etharrod
's nach cresa faolchonta fedh

Roinn na Gaeilge, Coláiste Tríonóide, TCD

slesa aolchorcra a hoirer.

7 Tig ria gach riocht ’na raibhe
rabha uilc is eolchaire
ding chraoibhlechta na ccall slim
a barr aoibhnechta ó Éirinn.

8 Sáithid Gaoidhil is Goill Bredh
renna a rosg rún a ccroidhedh
lot síth do éignidh orthuibh
san ccrích ttéiglidh ttorchorthuidh.

9 Nír léigedh dhi leath ar leath
conair ríogh na rian uaignech
gan inghreim d’fuath ar-oile
’na bruach finnshleim fiodhbhoidhe.

10 Do tresgradh a tuir chorra
do hadhnadh a hiothlonna
do bhán glaise a griamhadh slim
do siabhradh maise a maoilinn.

11 Ar ccládh a séin a solaimh
do fágbhadh ag faolchonaibh
a tuir shoillse fás folamh
ger chás toirse a ttrothlughadh.

12 Gá ttámuid dho acht ní dhechaidh [53b]
port riogh ná rian chaelethuir
’s ní shaoilim eirr gan fhoghuil
don eing aoibhinn orchradhuigh.

13 Do rec ar egcruth idir
deilbh chruithgheal chlair sheinnShligidh
do-rad néimh suaimhnidh shercuidh
ar sgéimh n-uaimhnigh n-ilrechtuigh.

14 Mar sin a-tá re treimhse
nach fuair an eng aoibhinn-se
re a cedaoine as-tegh ar ttecht
fer a hégcaoine dh’éisdecht.

15 Domhnall mac Cathail meic Taidhg
a brath chéile a cosg iomairg
do as oirches do dhruim dhlighidh
troimches an fhoinn d’fóirighin.

16 Ré dhecair dherbhthar cara
sgarfuidh a sging n-urbhadha
eang as goimhemhla um ghort Bhredh
re port oilemhna aithredh.

17 A bhfuair d’inghreim re haimsir
do ghuasacht do ghnáthaimsibh
críoch líoghairthe ar nach tóir tonn
dóigh go ndíoghailte Dómhnoll.

18 Ní choigilfe a chrú a ccathuibh
go ccoisge a haos anachuin
sosadh ní iarrfa fán ing

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fhosadh cliacdha ná coigill.
19 Ní hionann is riamh roimhe
ní lemuid lucht anchroidhe
radharc tar bruachuibh a benn
uathuibh acht amharc aithgherr.
20 Torathar nathrach nimhe
saoilid a haos oirbhire
ocht fhírinn áith gach fhoithne
don chídhing bhláith bhennoighthe.
21 Tré mhac Taidhg thaidhbhdhes cána
más é as adhbhar orghrána
a-nú as edruime a homhuin
cedbhuime chrú cConchobhuir.
22 Ní fháguibh don ing chogtuigh
rian bairc ná bheirn nguasochtuigh
ná all gruaidhfhliuch ná grian fedh
ná rian uaighnech gan fheithemh.
23 Éigen do an chríoch do chennach
re gaoith fhuair na n-airdreannach
idir cherdchuibh ruagha renn
ar bhernthuibh fuara a himeall.
24 Ní cuid mhaoidhimh do a dhénamh
cia heile do aineghadh
an ccrích slim ngoirmealtuigh nglain
ar rinn ccoinbhlechtuigh ccogaidh.
25 Do as córa cur re a cabhair
mac Cathail Í Chonchabhair
críoch braontana na mbeann tte
geall re a haontugha aice.
26 Go breith ccabhra ar chrích Sligidh
lór dhi a nderna d'foighidin
go bhfailcfherthuin re a gruaidh ngil [54a]
'na baintreabhthuigh thruaidh thuirsidh.
27 Fada do fuilngedh reimhe
re mnaoi a n-oilén d'áireighe
iar ccinnedh toghla na Traoi
fá inneal doghra is dérchaoi.
28 As í do cuiredh san chruth
Beneloipe ben Ghréaguch
le hathrogha nír fhaoi sin
ar aoi charthona an chéidfhir.
29 Iuiliséis d'arguin na Traoi
fer na mná mana dérchaoi
líon foghla an tan-soin do thriall
ar ghasroigh ttromdha tTroighian.
30 Ar ttecht 'na fhrithing a-rís
do gabhadh ré Iuil-isís
tre chraos mherthonn na moire

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mearfoll ó aos ionmhoine.

31 Do chaith sé ag súr gach innsi
an ainches don inghin-si
forghla a ré fá dál doghra
gur lá[dh] é dá athardha.

32 Gé mó mbliaghuin do bhí a-muigh
nír chuir menma mná an Ghréaguidh
dúil a n-aithchéile dá éis
tré aithmhéile Iuil-iséis.

33 Gá ttám do acht nír dhamh sisi
sódh eile acht ainn(mh)ise
do threabh tre bheith a mbochta
go breith ar fher a fhortochta.

34 Iuil-iséis d'éis a dhecrach
tig a n-égcruth ilrechtach
tar slios an ghrianmhara ghil
d'fios an fhialbhrogha or imthigh.

35 Fiú an aoin dá raibh[e] roimhe
sa chathruigh 'na chómhnoighe
nír fhiosruigh (a)'s nír aithin sin
an aithir sliosghluin soilbhir.

36 Peneloipe cidh í ann
nír aithin é acht go hionmhall
fedh a ré re ces cumhadh
do mhes gan e d'aontughadh.

37 Do chasaoid cúis a *deora
ris tar éis a aithennta
do commaoidh do thaoibh threise
forraoin gach aoin uirrei-se.

38 Dioghlu[i]s a ndernadh uirthe
linge[i]s lucht a baoghluighthe
a cédchoire ar ttecht dá tigh
terc rer bfhedfoighe a n-áirimh.

39 Budh amhluagh dhuit-si a Dhomhnuill
tréigfidh ní taom egcómhluinn
críoch Shligidh na ttirmsreabh tte
a himnedh idir uaibh-se.

40 Ní bhia a bhfuairsiod a n-aisgidh
a ccoigcrích a ccomhfhaicsibh
mó díth a deconroidh soin [54b]
an chrích n-eatalghloin d'argoin.

41 Lucht tabhuigh cíos do chiníl
da maire a meic Caitilín
ar thaibhdhedar ní bhia ar *báil
budh lia a n-airleagadh oraibh.

42 Ar loitsiod Goill is Gaoidhil
don chrích ttéigligh ttonnmhaoinigh
fecht oile bhus egnach dáibh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a chedbhrath buile Bercháin.
43 A ua Taidhg thaibhdhes fhaluigh
a arsaidh chlann cConchabhuir
a thráigh as dóigh gach duine
a chláir fáil dá bhfecfuighe. Fuigheall ...

256

Gá héag go tásg tighearna?
[RIA 1223 (D/iv/2), 89v]
[Casbhairdne, Dán Díreach]

1 [Ga héag?] gu tasg ti(a)gerna
do ghnath ni gles romeadhra
glor lan tighe ti(a)gerna
faidh na dighe domenma.
2 [..a] tir o thasg enduine
trit ar b[hf]as a fiadhaile
bert dorcha um fhiadh nIúghaine
ciall a n-o[r]chrrcra fhiadhaighe.
3 Do bith 'gun fein Emhna-sin
geill na crich a comghlasaigh
do bai uair gan imresa[i]n
fa uaim an craoi Chonnla-sin.
4 Sgel ar tech Floinn fuaramair
goill da theacht tar torannaibh
fuaigid cach fiadh Felimidh
gan Brian da tath tarramair.
5 Fir Cheall is crich sheanUisnigh
drem gan bhrigh an buighen-sin
fech derca na ndeighfher-sin
ealta as en da huiresbhuidh.
6 Sidh uatha 'ga fhulairemh
uathadh dibh 'na dhegheolaid (?)
cur gliadh is gnim dodhe[i]nimh
gan Brian le sil senEoghain.
7 Le mnaoi ar camhair cainfithir
laich gan fhaghail einchuiridh
ca sgel [b]udh ail dh'f[h]iafra[i]ghidh
nell le faidh ni feac[h]faighir.
8 Gan luad a-niu ar nuadheabaidh
ní tuar clu da caeilshleguibh
tuigthe ar fhiar crann croridin
nach am gliadh do Gaedhealaib.
9 Mor a cind ar caeine-ne
an slog o lis Laegaire
laech *tobtha ass n-orraidhe
a nglas orcra aig aenduine.
10 Laeich on fhe[i]dm ag anamain

Roinn Lárnáis, Col. na Tríonóide, TCD

caei in gach be[i]rn a mbaramail
lin gliadh dh'fhe[i]n nach ínshubail
a fiar fe[i]n 'na foghadhaibh.
11 Sgur o gCuinn do comlannaibh
a chur dhuinn ar dhernnannaibh
mhe am che[i]rd fein nac foghlamaigh
ar dhe[i]r nde[i]rg do derbamair.
12 Leanta mhe tre mhinaithne
an feart-sa as e *m'oilirthe
do-ber am chenn comaidhthe
eang 'ma dher ni doberthe.
13 Gnath mhe ar fhert í Iughaine
ni fert he gan aoghaire
dia Luain ar la caini-ne
ma ta ar an uaigh eind(h)uine.
14 Adhbha nell fa nuaGhallaibh
abhra ar dher nar duinemair
mhe a cur na caoi a cemennaibh
gul do mhnai gur mhuinemair.
15 Dail ma dher is dedhsheolta
do mnaib ni seol sodheagtha
caoi Briain ach do bharanta
do mnaoi am dhiaidh is dodhenta
16 Fir Ceall cian da cuimniugad
feall da triath do tarr[n]gaire[adh]
icfaigh meoir bhas mbarrleabhair
glas ar dheo[i]r dho daingni[gh]e[adh].
17 Fuair cliar o chach comeira
[b]u ghnath fa riar rodhana
sgol doilig ni dodhila
ar ndul d'oighir Anora.
18 Coir anair don ealagain
anair doibh do dhligheabur
ben fhir d'uaisle a gein ealaig
do shir *h'uaidh-se ar fhiledhaibh.
19 A caei ar belaibh bannrighna
caein ar denamh dedhriaghla
sgol fan uaidh nír innruna
ar ndul uaib gan ainm[i]ana.
20 Bro laoch ar th'uaigh anumal
fa uain don aos [e]ala(o)dhan
mor nderc do-choidh comhfholamh
re dh'feart doibh ar ndhealugad.
21 Ni hail coscc gac (?) cronaighthir
nar dom rosg a rodhefthir^{r}
beantar h'uadh d'fir *anaighne
ger dual cin ar comaighthibh.
22 Sgol do-chuaigh tar churadhaibh

Roinn na Sceilge, Col. na Tríonóide, TCD

gul ar th’uaigh (i)s da n(d)-ealodhain
lin caoi ar th’uaigh-si d’fhilidhibh
ar ua[i]sli an laoi ag lenamui[n].

23 Drem nac fuil le foighidin
an geall guil do cuiredair
ait ar ghnath th’fhian d’oiregar
a rath ngliadh do ghuilidair.

24 Mna a[g] c(h)ur dhatha ar dhonnbhasaibh
gul aca fa innlesaibh
ealta d’fhein na hEmhna-sin
fa le[i]m h’ferta a n-imresan.

25 Tu an ri asar bhen bharamail
tegh Dha Thí ’s nar thuigheabhu[i]r
cana righ f[h]uinn Fheradhaig
o shil Cuínn do cureabhu[i]r.

26 Fir inaigh nach inntachair
a meic Sea[á]in seargfaithir
lin bearna ar h’fheart d’Ulltachaib
ni tearc dearna dear[g]faithir.

27 Doigh assa gcaoi ac c(h)uradhaibh
nach coir a mnaoi muinidhin
a lín ar th’uaigh d’fhilidhibh
do tshil Muaigh is muiridhin.

28 Sil Muaigh ann ni hinaifthir
am ar t’uaigh nach *fadaibhthir
deredh laoi iss eadh airidhthir
’ma cai tar f[h]er n-anaithnidh.

29 A cai dh’iaraigh inntlechta
tiaghaid gan mnai malltochtaigh
fala(dh) ar fein ni hinntuccta
gan leim brogha banntrachta.

30 Ni terc tuloch ghormuaine
gan torad fedh finnshlebhe
fer oir fa iagh fhinnBhoinne
tre Brian ni fhuil inbheme.

31 Fuath gac ealta a hairidhe
ealta on cuach ar ceilidhe
gidh iad faoidhe fuarshrebhe
do-niad caine ceillide.

32 Ni frith he gan urrghabhadh
an re trit gur teimligheadh
ni bhi an grian le gabhlugad
Brian di [n]o gu demnigheadh.

33 Comar caointe acc curadhaibh
caineadh as obair dh’fhilidhibh
tri tonna an [fh]uinn Fhuineghaidh
gan luing orra inshiubail.

34 Do shnoidh faobhar fuaraille

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

muir ac taomadh thorainne
mor dtonn leonta laoidhinge
ar fhonn Eorpa agama[...?].
35 Fian uchtigh a fhireolaig (?)
a tursi um Brian buaidheraid
Goill tort gu rath *ridhemer
fath a-nocht 'gar nuaderaibh.
36 Ben do locc o (?) laeidhengaibh
as-teg do ghul gerfhillid
ní Brian d'inghin orearraig
ar imghigh dh'iagh Fhelimidh.
37 Gnath gac urchra a n-am[ai?]lle(dh)
urchra ar cach 'ga commaoidhe
gul gan denamh doinn[d]eore
d'enfhear ní cur *commteine.
38 Uain chaoi on fhoir Erennaigh
nir mhor do mhnai ridhearraigh
sidh gan tacht tar torannaibh
fa art righ dho ridhnimair.
39 Rug ar cloinn Neill nuaghesa
roinn re fhein nar aomhas-[s]a
sgel nua fa uain mh'erasa
a ruaigh an ua Aodh(e)a-sa.
40 Gidh caoine a ceird comnaidhe
daine ar seilg ni siubhlaidhe
ní tharrla tonn Rudhraidhe
do dhonn abhra ingh[en?]e (?).
41 Na slo[i]g crodha cheannarda
nir doigh tora a dtruimshealga
deoraidh nac d'iagh fhinnEalga
ciall 'na ndeor[aibh] donndearga.[x]

257

Gá sealbh as fhearr ar Eas Ruaidh?
[O'Conor Don, 241b]
Giolla Iosa O Sleibhín cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ga sealbh as f[h]err ar Es Rúaidh
port ioma n-éirigh anbhúain
srut[h] aidhbhsec[h] 'ma n-imdhigh long
tairsech Inbhir Da Egonn.
2 Eas Ruaid na ramhadh síthe
súaithnigh an cladh coiccriche
do Connochtaibh dan mhín muir
's don tír fhionnacraidh[r] Ulltoigh.
3 Tri cinedh is cúis tsoc[h]air
timcioll an chúain chiúnsrothaigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

’na ttri n-oirechtuibh fan Eas
ni da ndoibertuibh dúisceas.
Connachtuig[h] an trath is trén
fa chúan sáoirinnsi Saimer
cantair leó gurab leó in port
macroidh gan ceó ar a ccrodhacht.
Conullaigh na ccreach fortail
’ga chosnamh ar Connochtuibh
in t-inbhersruth breacach binn
leacach finnghlennach fairsing.
Clann Colla na ccupadh nglan
on roinn do-rinne Fionntan
ni dúal aonghuth ’na n-aghaidh
fa(é)n chaomhsruth fúar fíonamail.
Manchaigh as dáibh is deisi
sealbh inbhir na hÉirnei-si
is leó in crích go ráimhEs Ruaidh
fa bfríth áineas is anbhuain.
Le hÁodh ó F[h]eruibh Manach
mur so in finnsruth forbarach
sealbh ag Áodh ar an es-[s]a
do derbh gach craobh choibhnesa.
Ni hiongnadh Es Áodha Rúaidh
ag Áodh eile an airm rinnfuair
úaisle crú chleithe Gáola
’s nír leithe clú an céadÁodha.
Ní hé an t-Áodh-sa más f[h]íor dhamh
in cedÁodh cóir a derbadh
fúair ar son a anm(h)a in t-es
damna gan chol do cháirdes.
Aedh eile dob oirdearc sén
mac úasal Eachaidh Doibhlén
do chedc[h]osain an cúan binn
in relto-soin úadh airbhim.
Na tri Colla crodha in tríar
tri cosanntoigh chlair Oirghiall
a mín glanrolla do-gheabh
anmanna an trír ré tuiremh.
Aedh is Caireall cnedhach
ainm in treas mac Muireadach
a núalabra do-ní me
a ttri *bfadanma baisde.
Áedh ar Colla menmnac[h] Menn
Colla Úais dob é Caireall
cupla des mhuireadhach mer
Muiredhach in treas tréinfher.
Clann Colla da Crioch na ccath [242a]
Siol Mhuirethaigh mic Eathach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

legaid siad clachbrogha cuir
at[h]rogha iad a nUlltaib
16 Colla da Chríoch na ccosgur
as he tug mur thuarustol
Es Rúaidh do mherCholla Menn
a n-echlonga d'uaim Eirenn.
17 Eas an da Áodh amhlaidh sin
Es Rúaidh an inbhir aingligh
ó Cholla is on Áodh eile
dronga nar áomh f[h]áisdine.
18 Magh oirrdearc Ingine in Sgáil
magh nÉine na n-íath cconáigh
as é tredmagh ar tosaigh
do chedgabh an Colla-soin.
19 Oigreacht Colla in crotha gil
mur is cóir d'Aodh Mháig Uidhir
cairt in chúain go derbh dlighes
sealbh f[h]úair ar an inbereas.
20 Eas Rúaidh do f[h]reagra a einigh
ni (f)ulair gan eideimhin
d'fior a caithmhe 's a cennoigh
ar n-aithne gach Éirinnaigh.
21 A nimh chuirid go hEs Rúaidh
longa Fódhla as fiú d'anbhúain
a ghnuis daithgeal a-deradh
go ccaithfedh 's go ccinneghadh.
22 Boramha Tuathail Techtmuir
's a dail da dreich illrechtaigh
dian do bronnfoidhe na ba
ag fonncroidhe fhial Aodha.
23 Cios dó ó fhine Fomra
'sa bheith 'gun fhial osgarrdha
luath do cuirfedh sé fa sech
in té ar nac fuighter freiteach.
24 Fer bronnta bréige an tsháoghail
canfaid re ceibh ndonncraobaigh
'ga brath a-tú a tháobh solus
as tú Áodh gan amharus.
25 A Áedh an erla chlechtaigh
do ghealluis don geisechtaigh
gan éra ar neach sech gach nech
breath as a mbera biseac[h].
26 Do ghealluis fos feirde dhuit
don fhéin céadna is cúis formoid
gan breit leithbre(i)th(e) gan lúagh fill
a grúadh is f[h]eithmec[h] inntinn.
27 Inuraidh duit a *ndeaghaidh creach
go ttugais in treas freitech

Roinn Lámhscríbhinní agus Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

gan teichedh ré forlann fer
ag feithemh gormfonn Ghaoideal.
28 Nir meralladh lé méd h'einigh
tú fós is na freithighibh
re húain no re hanbhúain sgol
na i n-úair dhaghsluaigh do dherbadh.
29 In tegasg a-ta ort-sa [242b]
no cia a-ta 'gud tegosg-sa
mur nac mealltur tu a treidibh
tenntur clú red chaitreimibh.
30 Cía as baránta dod gruadh geal
re combúaidhreadh na ccóigeadh
an tú a Áodh is urra inn
cuma gach áon at oircill.
31 A Áodh lé n-aircter trachta
in tú bhías mur bharánta
ré hUlltoibh ad cenn do chur
(a) Ulltoigh gidh tenn a tóchar.
32 Ma ta gan [a] aisiog ort
ar airgis do crich Chonnacht
gúais do chen ós aird orra
mairg f[h]er ná budh esorra.
33 Ní hí an coill-si ar cúl na ssreabh
ná [a]n chloch-sa ar cúl na ccoilleadh
do dhaingin a bhádhbh broine
na [a]n mainner arm n-iúdhloidhe.
34 Ní hé in t-éidedh-sa a-ta as-ttigh
náid na cuilg-si ar cul h'éididh
ná [a]n sgor each ré hedh sgainner
a c[h]leth Den do dhlúthchaingean.
35 In búdh é iomad t'fhedhna
na treisi do tigerna
nó as é do rath is díon duit
nó as é bríogh na cclach comraic.
36 Mas fíor a mic Mheg Uidhir
ni fada go bfionnfuigheir
nach bí acht mur bhios an leomhan
rí fad chíos do cuingeóbadh.
37 In leomhan a láoich Gruine
bethadhach is báoghluighe
ar eigin nír clecht a chosg
ní héidir techt da thegosg.
38 Coin eile is áirde loisi
búailter íad 'na fhíaghnoisi
inntlecht do chor úamhain inn
ar ndol uabhair 'na inntinn.
39 In leómhan od-chí na coin
go haiseach d'éis a mbúalaidh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

smacht ina aghaidh air féin
gabhaidh ge raibh gan raicheill.
40 Gidh inann ní hionann soin
do dhál-sa is dál in leómhain
gidh casmoil méd bur menma
a ghég chabhsaigh chláoinTemra.
41 Da n-aircter in tír réd tháobh
do chur egla at f[h]olt barrchláon
faitches ní cuir ad croidhe
a thuir ghlaicdhes Gháiridhe.
42 A mheic Pilib puirt Ghábra
smacht ort dobudh édtarbha
tú fer as gleóburba greim
leómhunda mais edh h'inntinn.
43 As cuilén do chúan leómhan [243a]
mac mic Áodha ilcheólaigh
nó as leomhan nach do chúan con
ag seóladh go búar mbíodhbadh.
44 As onchú aigéin mhara
cuingidh na colg mbarrthana
no as fer nár dhú a ndeilbh onchon
clú re f[h]eidm 'ga iomurchadh.
45 Is gúais seabhac as ger sbraic[a]
nach cosmoil re cruth seabhaic
as innráidh re fedh fóghla
re fer finnláir ollorba.
46 Is beithir beime neimhe
nó as nathair ar néimhnighe
sé ar na chor a ndeilbh dháona
crodh ré a fheidm as ionntáobha.
47 Ge dreagan dár dáiledh neimh
ge gribh ar griobhdhacht ngaisgidh
ní fhuil fer as ferr chuma
ina an geal seng saoghalta.
48 Áedh Mhág Uidhir fhóid Gháola
fer choimesa an cedÁedha
gnái thúaidh a tuathaibh a shen
fúair a Cruachain 'sa cCaiseal. Ga ...

258

Gabh comhairle, a Chríosdaighe
[O'Conor Don, 123b]
[Aoi Fhreislí]

1 Gabh comhairle a Criosdaighe
a n-ainm Dhe a-taim da thabhairt
bhur ccert cionnus diolfaidhe
fios d'fhíach muna bhfuil agaibh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

2 Ar ccur t’fhíach a n-áiridhe
déna ’na dheóigh do dhúthracht
ag so súas an tsáirs[h]lighe
madh áil dul ar do dhúthcas.

3 Oighrecht nimhe náomhs[h]oillsi
da hiarruidh ma a-tá tusa
slighthi salcha an tsáoghail-si
gan bhuidhin na cur chucu.

4 Creidiom[h] coitchenn glaindhíreach
is dóchus a nDía athor
grádh iomlán gan aindhísleacht
na triall gan an triúr carad.

5 Gabh chugud ’na ccomthachuibh
da lenmhuin luirg na n-easbal
a ccreidem[h] gan chonntabhairt
da airtegal dég dleghar.

6 Rí nimhe an c[h]ráobh chúbhruidhe
do dealbh í da líg lóghmhair
tar an uile urnuídhe
san phaidir doirt do dóchas.

7 Ní buidhen fir ainbhfesaigh
do caruid ’na ccenn cruinnigh
deich n-aithne Dé deighbrethaigh
coiméid da mbeith ad bhuidhin.

8 Mo as diombhuan an domhan-sa
tabhair grádh do Dhía a dhuine
gradhaigh *coidhche an comursa
ar son athor na n-uile.

9 Ag sin iad gan uireasbaidh
creidiom[h] daingen is dóchus
’s an grádh cuid da (a) ccuidechtain [124a]
moide gach maith a móradh.

10 Os sí an egluis naómhgrádhach
ben posda Críosd ar m(h)atha[i]r
sacrameint ar sáormháthar
canfad do chloinn na mná-soin.

11 A háon díobh in cedbhaisdeadh
a dó dhol fa láimh easbaigh
a trí fós nach bregnaighter
aithrighe a n-íoc an p[h]eacuidh.

12 Corp Criosd ni cuid mheraighthe
a cethair fós nach fuigeabh
ní chreidionn do as deghcroidhe
an pósadh as é in *cuigeadh.

13 Gradha na cclíar cceirtbhrethach
ré a áiremh as [s]é an seisiodh
tuig é an t-ongadh deirenach
ag soin a secht san deiriodh.

Roinn le Coláiste, Col. na Tríonóide, TCD

14 Beith san mbethaidh shíoruidhe*
mur (a)-táoi da cur ad comair
t'fiacha certa a Criosdaighe
na bíodh 'na ainbhfios oruibh.
15 Do réir an iúil fúaramur
bí d'fiachoibh ar gach éinneach
sechna an uilc (i)s a fhúathughadh
maith fá a dhíthchioll do dhéinemh.
16 Ní mairg dan lucht lenamhna
ceithre neithe is ferr eithfecht
bheith grádhach glic mesardha
cert & nert a n-einfheacht
17 Seacht ttíodhlaicthi tromáidhbhle
go bhfagham ó Dhia dhúileach
tuigsi egna comhairle
nert is fios egla is búidhecht.
18 An sbiorad náomh nuacrothach
a thoirthi b(h)íodh ad buidhin
madh áil let do lúathachadh
red tabairt go tech cuiridh.
19 Cuig aithne na hegluisi
na dermuid a chnú chroidhe
gabháil cuirp Criosd clechtaidh-se
is fáoisidin glan roimhe.
20 San egluis do hordaighedh
na leig dhiot gan a ndénamh
na troisgthe mur ordaighter
dhuit [i]s an t-aithfrenn d'eisdecht.
21 Nír ordaigh é acht deigheólaigh
san eagluis as é a-dubhradh
gach lá sáoire ceingeoltair
coiméid é mur an Dómhnach.
22 Coiméid na cóig náomhaithne
da nderna a deighmheic grádaigh
lá na breithe báoghlaighthe
budh áoibhinn lat an lá-soin.
23 Oibreacha na trocaire
bíd duit ag dénamh eóluis
a bfagbháil na fobair-si [124b]
sir a n-aithne ar na heólchuibh.
24 Flaithius mic Dé dealbhfháoilidh
a iarruidh mad áil lat-sa
ocht ndronga do deghdhaóinibh
bí do droing eigin aca.
25 Náoimh aingil is óghMhuire
is fedh bheras tú ar talmhuin
guidh íad d'iarraidh trocaire
fa dheóigh d'faghail dod t'anmuin.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

26 Oil fós na cóig cedfadha
is seachain na secht ccionta
gach ní a-deirim dénu-sa
a mheic is mairg nach diongna.
27 Bíodh an bás ad bhithmhenmain
cuimhnigh ceirtbhreth an Dúilimh
pían ifrinn ní hindermuid
na glóir flaithis Dé dúiligh.
28 An bhetha bhúan bh[ea]nnaighthe
mur (a)-deir an caite-ciosmus
madh áil bheith san mbethaidh-si
comairle ar mbriathar biothghabh. Gabh ...

259

Gabh mo chomhairle ré n-éag
[TCD 1383 (H.5.11), 126 (Third Copy)]
{Mathghamhain Ó Mulmhichíl/Tomás Ó Reachtaire/Donnchadh Mór Ó Dálaigh}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Gabh mo choimhuirle ré n-éag
a giolla na ttréd 's na ttorc
na mealltar thusa mur chách
do-geabha tú bás a-nocht.
2 Cugad 'na rioth ó a-ta an bás
nac ccuireann a thrath ar ccú(i)l
olmhaigh go hionall [do] tríal[l]
pós h'anam re Dia na ndú(i)l.
3 Dein faoisdi is aitrige géur
na goid is na séun do locd
cur *riot go balac re mbás
a bhfhuil d'fiacuibh ag các ort.
4 Aisig úaid ar grad do Dhia
a bfúaras shiar agas shoir
gab ola & chorp Rí na ngrás
o mbhia h'anam slan & da corp.
5 Tar éis h'aisig i t'fiac
a bfuill agad hiar & shoir
deanadh ccéin bhéur an do chéil
do tiomna go leir & do t[hoil].
6 An saogall da ttuga[i]s grad
let ni leigfad chách san úam
[roinn?] do mhaith ar *bochtadh De
's na dermuid thú féin a thruaidh.
7 Na taobh th'anam(h) re do mhnáoi
ghidh thaibhseac a cáoi 'sa deor
fa toirsadh ní bhia acht seall
is geubhi[dh] an fer bias beo.
8 A ngeall re ndearna(d) tu d'olc

Roinn an Léinn, Col. na Tríonóide, TCD

da raibh t’anam boct a bféin
ort féin da roinear go gan[n]
ni eacfad do clan[n] da ndéis.
9 An clann-sin re bfhuill do *t’fúil [127]
da raibh tu (s)a n-(d)uir na ccnum
ar tachur tu re do ré
chuirfiodhar san go léur le sr(i)uth.
10 Re drúis re (t)himeart re *th’eól
re sia fear re streo re staich
caifid an chlann-sin do cuid
as biad th’anam a mbruid go braith.
11 Dar an (a) ben-sa ta gan gléis
da ttuigta-sa besa na mbhan
an tegasg do-beram úaim(h)
as duine gan stuaim nac g(h)abh.

260

Gabh mo theagasg, a inghean óg
[TCD 1385 (H.5.13), 80]
{Tomás Déise (.i. an tEasbag) / Muiris (mac Dáibhi Dhuibh) Mac Gearailt}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Gabh mo thegusg ingean óg
is na déan bród as do sgéim[h]
acht tuig gur bláth samhrá[i]dh thú
téid ar ccúll o [a-]nub go [a-]né.
2 Bí[odh] gur corcra leat do bhéall
bí[odh] do *déad go gléasta *gall
i[o]ntá [a-]raon ni bhfuil *as créa
sa bioth uile ní beidh *as seal.
3 Do ghrúaidh corcra do dhearc mall
bía[i]dh ar báll gan ghné(e) gan chruth
(i)s do corp uile cruaidh an cás
beid[h] go bráth ’na fhéasta cnumh.
4 T’fholt bachlach órdha t[i]ubh
cé mór a-nub acht do stró (?)
a ndearna (?) sé le cláona súll
’s án[n] san úir béid go deóigh.
5 H’osgur h’argid is h’ór
do phláta mor lán do stát
do shlabhruidhe is do bhrata sróill
fúicfear íad do dheóigh aig cách.
6 Ar thachuir tu a-ríamh go cám
*cuirfeadh do chlann sin re sruth
is béidh th’anum bocht a bpéin
is do chorp shéim a n-úir na ccnumh.
7 Do gaoll is do chlan[n] fa seach [81]
ní bhéid acht seal fa ghleó

Roinn na Sean-Lsc, Col. na Tríonóide, TCD

is t'fh[e]ár cheille pósta a bean
as annsa sáoghal ní bfhuil acht ceó.
8 Más glórmhur thú as do sgéim[h]
smúain ort féin is mhead do locht
do-ní an phéacog uaill as a clúimh
no g[o] bfhiacion[n] snúamh a cos.
9 Pecach tú o bhrúin a-nall
fós is g[e]arr go mbe(ith) sa ccréa
mur sin na déan stró as do chruth
is annsa bhfíach dubh nach bfuil acht fiach.
10 Smúain ar ifriond smúain ar h'úaigh
's a[n] bhreath chrúaidh do béarfar ort
tiocfeadh an bas o (g)laimh (?) Dé
a bhéarras a ccréa leis do chorp.
11 Smúain ar h'olcaibh 'na n-am(h) féin
is aithréachas gérr dean go doigh. [Ends here]

261

Gabhaim bealach go dún Dé
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 15]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Gabhuim bealach go dún Dé
an t-am bús aithgerr am ráon
o thanac sum a ccorpan chré
feadh mo ré ar *seanchnan sáobh.
2 An chonair is dísle dhuit
a fhir do chláon an ráon go ród
no cumann mhná na mbráoidh mbeacht
nach gabh iom neach a cclí ceart.
3 As í an t-úaithne d'íarann fhúar
as í an chruaidh rer cuiriodh cáoin
as í an tagairthe óir binn buan
la an Lúain 'san choinne cháoimh.
4 As í an eagna dhíreach dhían
nar claoidheadh a ttagra n-iúil
as í an muradh (?) tar linn láin
do glac 'na láimh seada ar sdiuir.
5 A reulta na rellt[an] eóil
a corcur bheóil croidh[e] mo chnis
mur do fhóiris roimhe róinn
ar *ghrudh do póir-sí fóir-sí mis.
6 Do-chúala sgél glan gan gháoi
mór a gnái san beatha bhúain
a leithid ar náomh na ar neach
ní bhíaidh feasda go lá an Lúain.
7 Ridir áosda prap gan spás
do bfúair bás 'na fhear mur fear

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD
cruinnigheas iad go haithghearr
a lion comhluinn san taobh thuaidh
Aodh O Domhnaill ar deghuair.

11 Síol Cconaill is clann tSuibhne
cinnid le cruas comhairle
an gleoghuin ger ghniomh doiligh
ar shiol Eoghain d’ionnsaighidh

12 Annsein do heagradh *as slógh
re a mes nir mhór ar ttin(e)ól
ar síneadh ar sról ndatha
do chlódh míleadh mórMhacha.

13 Gan acht áireamh cheithre ccéd
fa rí Conaill da choimhéd

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

láoich do fromhadh i ngort gáidh [131]
dob omhan tocht o a ttegmháil.
14 Fa Mhac Suibhne Maol Muire
*táid i ttús na hiorghoile
gniomh lánduiligh cur 'na cceann
bághuinigh fan damh díleann.
15 Laochradh na ttuath teg(h)oid sin
timchioll Mhurchaidh meic Eoghain
fir dhorrdha as cruaidh i ccathaibh
colbha sluaigh go samhthachaibh.
16 Ba gnáth tús aca i n-iorghail
na curaidh clann Toirrdhealbaigh
fa buidheach an tonn da ttroid
an drong fhuileach o Fhánoid.
17 Aodh mac Aodha I Dhomhnaill
fear iomchair gach anbforlainn
mairg sluagh le ttarla i ttenta
an stuagh amhra inneallta.
18 O Baoighill a bhraithre féin
da choimhed ar chloinn tsaoirNéill
ua ar nAodhai-ne crann os coill
fa aoghoire clann gConoill.
19 Clann Ghallchobhair na ngreadh seang
i ttús glia(i)dh go cclú ccéimeann
cóir óbadh fedhma na bfear
'na mogal fhearrdha fhéinneadh.
20 Gluaismíd tar éis ar n-eagair
chuctha ar cenn an airleagaidh
mar sgoith buinne ag bein re haill
mar léim tuinne tar tórainn.
21 Fuaramar ag Fersaid Mhóir
mac meic Cuinn fa throm ttionoil
a bhreath bhroide as buan púdhar
'sa shluagh aige i n-ordúghadh
22 Do thréigsiod na fir fráochdhacht
tugsad menma ar mhioláochdhacht
da cclú gaisgidh do-choidh cion
dhoibh le faicsin ar bféinneadh.
23 Aghaidh ar mhuir nghlais ngairgmhir
cúl do chur re n-esccairdibh
an drong fhuileach fa tenn troid
nirb férr fuireach re Fersoid.
24 Do shluagh Macha fa mór bladh
báiter an mhéid nar marbadh
beag don tslógh térna on troid
fa bhrón on énlá anaid.
25 Acc sin bladh d'éachtaibh an áir [132]
Brian mac Énri ua Seaáin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

is mac oile da athair
slat a Doire dhlúthsgathaigh.
26 Do fágbadh sa ttaobh re tuinn
a mhuinntir fa Mhac Domhnuill
na curaidh dar chóir anmhuin
'na n-ulaigh (?) mhoir mhiotharbhaigh.
27 Ni tugadh d'éachtaibh eile
muinntir dhaoineach Dhonnghaile
acht gidh mór fan traigh torchair
a lógh áir ar Eóganchaibh.
28 Míle fear do fágbhadh ann
ni bhiú ag airéamh a n-anmann
nir fédadh tuile gan traigh
feghadh gach duine a dhioghbháil.
29 Ni fhuigheadh einneach on bFinn
fedh na críche go Cáirlinn
teach gan ádhbhar gola on ghleó
dob aghmhar cora an coinsgleó.
30 *Atern (?) Doire do dioghladh ann
maidhm na Rass rug o chothram (?)
gleo naoidhe as teó no gach troid
gleo na hAoine 'gun Fhearsaid.
31 Guin Domhnaill Disirt Da Chrioch
doilghe é na gach eindíth
iomdha écht uainn 'na ionadh
san chreacht do-chúaidh cúitiughadh.
32 Ma fuairsiot clann nertmhar Néill
an t-áth orainn re himchéin
ni rugadh dháibh breith le bruid
fan tráigh is-teach nach ttáinic.
33 Tig dar ghabh do thuirsi an áir
mac Cuinn na ccéimeann nemhnáir
nar shir sé slána orthaibh
ger *námhe e d'Albonchaibh.
34 As i ar mbreith gibe ler thuit
dhínn go ndleaghar a éiric
guin an righ ni ráinic linn
's as thrínn tainic a thuitim.
35 Le siol gConnaill maoidhfe[idh] me
tugadh timchioll na Feirsde
fachain denta na duaine
éachta ar chathaibh Craobhruaidhe.
36 Cred nach díolfadh O Domhnaill
duan grésach do ghlanfhoghluim
nocha misde a luagh gach laoi
duan na Feirsdi da bfeaghthaoi.
37 Diolfaid curaidh chlann tSuibhne [133]
an duan gan cuid comhuirle

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

an duain as dóibh as moladh
cóir a luagh gan laghdughadh.
38 Diolfaid siol mBaoighill Balla
an duain mar dhéis dioghlama
ar an duain sáor na sloinnidh
don taobh thuaidh acht termonnaigh
39 Diolfaid Dochartaigh an duain
curaidh na cceimeann rochruaidh
siad o do saoradh sa tres
ni baoghal iad da h'aighneas.
40 Siol Gallchobhair na ngleo tte
cuideochaid diol na duaine
an meid dhiobh tárla sa[n] troid
gan tarbha a ngniomh ni ghabhoid.
41 An duain do dhiol dligidh ruinn
Somhairle mac Mheic Domhnuill
da mbeith sibh gan triall san troid
o sin do bhiadh 'na bhraghuid.
42 Diol na duaine as dearbhtha ag scoil
dlighidh Conn mhac an Chalbaigh
do bhí i nglas fa cheó ccumhadh
an gleó as ga fhuasgaladh.
43 Dlighid Gaoidhil et Goill
diol na duaine-si Ui Dhomhnoill
dóibh a ttarbha 'sa ttreisi
do-chóidh damhna a deimhne-si.
44 Duan oirdherc an Eich Bhuidhe
duan Croibhdheirg ar cCruachuin-[n]e
duan na Feirsde as togha trom
ga meisde a cora i cconchloinn.
45 Acc sin duit a Ui Dhomhnaill
duain far féchadh fírfhoghlaim
*bhera i ndeóidh do dhola
ag denamh eoil th'engnamha.
46 Cath Maisten go muighter libh
no go ccurthar cath Sligigh
no cath Saingeal bhus buan bladh
do dhuain ni daingen dúnadh.
47 A sheabhuic eachtaigh Fhinne
cóir dhuit denamh oirchille
buaidh sealg ar sheabhcaibh Banbha
bedg fan ealtain allmharrdha.
48 Druid a ccoinne cloinne Táil [134]
mhithigh dhaoibh denamh combáidh
o a-tá Éire eadraibh féin
freagraidh a cheile coiscéim.
49 Clú d'Éirinn do theacht tar tuinn
a inghen mhec mheic Domhnuill

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

do ardagh tú le treimsi
clú d'Albain san Éirinn-si.
Aoibheal beó einigh Alban
ben ris nac cóir comhardadh
ni fhuil fa dhúais urra as férr
d'fuil Cholla Uais an Áoibheall.
Ar-ís d'aithcheangal ar roinn
ben d'uaislibh aicme Domhnoill
slat reidh nach anbfann alladh
dar ndaghrann fein fuaramar.
Bés as ferr 'gun inghin duibh
toghthar ben ar a bésaibh
ni háil di a crádh do choimhdhe
don bhladh ás i as énoighre. Gres ...

275

Grian shamhraidh teist Tomhaltaigh
[TCD 1363 (H.4.22), The 'Seithfín' Duanaire, 132]
Seithfín Mór
[Casbhairdne, Brúilingeacht]

Grían tsamraidh teist Tomaltaigh
anmain fan teist togartur
teist o Neill a-nallamain
ni theid tar theist Tomaltaig.
Suil anus clu in curadh-sin
ni *fadar clu a comcosmail
na cuic cuigidh cuirfider
fan clui-sin an Chonnachtaigh. [133]
Caidhi in clu ar nar chinnestur
clu thair-si nir thoghumar
do-ro s[e]in a Saxanaib
ni lor le teist Tomaltaigh.
Rug si buaidh o Bretnachaib
cuairt 'na tir do thogrostair
mar sin d'Albain echlongaig
far ghablaigh teist Tomaltaig.
Ni clu a n-esbaigh urradhuis
do lethnaigh fa Lochlannaib
teid os aird in t-allad-sin
ceim san Fhraingc do rothogair.
Tic ruaig don reim siubail-sin
san Greig 'na cuairt chonusaigh
ac sur na n-iath n-anaithnigh
can srian re clu in Connachtaig.
Mac Diarmada a dheghshamail
in Cliabghlas-[s]a a comcosmuil
le hua nEchach adaimter

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

is ecluch re n-ollamain.

8 A tonn duasbog deighenigh
ar uaman an fhochogair
a crodh-san mar cruinnighter
'ga brondadh 'na boctonnaib.

9 Modha a maicne medhaighidh
modha maithi Tomaltaig
is do modaib Muiredhaigh
Muillethain na modha-sin.

10 Mac Conqubair certbrethaig
comchobair do Connachtaib
ni terc im grib nghelUisnigh
thech Da Ti do togradair.

11 Finfhola da fregairter
fichmura na fola-sin
fuil s[e]in gan fhuath d'ealadain
fuil Duach fa dderc mongshocraidh.

12 Cru an Chrobhdhuinn mun curudh-sin
tus comluinn do cosnaduir
fuil uasal an Echach-sin
can cnuasach a comchosmuil.

13 Caer do mianach Muiredhaigh
ni mianach nar molumar
fuil Mael Ruanaig roneartmair
sa caeir uasail fhola-sin.

14 Crú in chúiger do chanamair
in crúi-sin an Connachtaigh
mac Saidhbi gnuiss genamail
in maigre o Buill bogsrothaig.

15 Med oili ní hintomhuis
re a croidhi acht teg Tomaltaig
mur Crúachain 'su[n] chaithir-sin
do-chúala gur comcosmuil.

16 Secht ndhoirrsi ar an dhaingen-sin
do ben coinnme ar comharsain
Rath Bregh is í a hindamail
munab i treb Thomaltaig.

17 Tech 'na gairdi gemaghaid
treb na Cairgi a comcosmail
gres d'aibhnes in istaidh-sin
maeidhfed ar thegh Tomaltaig.

18 Loch Ce 'mun cuirt midhabaig
'na téid cluim a colcachaib
coimling bad on bruigin-sin
co tragh tonnbinn toburghloin.

19 In lethanrath luchtmur-sin
ethurbaid(h) 'na horsannaib
tegluch righ sa rachathraig

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

in sith cernach comshocair.
20 Bro eges in istaid-sin
ac ol trenfledh Tomaltaigh
cuirm grísderg sa[n] ghelchathraig.
a ndhíbenn cuirn clocharsaigh.
21 Fa fleidh ’con ua Eachach-sin
a sreith cuach ar Condachtaib
ol tar fer ní faicfidher
acht fledh d’ól co horsannaib.
22 Rucc toir ar dhigh ndrithlennaigh
im noin a tigh Tomaltaig
fras blaes[c] isin bruighin-sin
fá lacht caer gur (cor) chodladur.
23 Rug lá ar in digh nderenuigh
suil tic cach ’na colcachaib
on fhleidh fhoghnus d’aiffrinnaib
a corrbrudh in Connachtaigh.
24 Mac mic Aedha enechbhuig
in t-Aedh-sin a forcosmuil
Magh Luirg na fedh foithremail
ar techt fa chuing cosantaig.
23 Tir is feitmech d’fhil[eda]ib
tír da creided comarsain [134]
tír nach beg ar brughadhuib
terc *do tid a comchosmail.
24 Tír can cruas ’na cunnartaib
tír na suan tir Tom[altaigh]
as e a n-aithnim d’uiresbaid
ar an fairsing fochlocaigh.
25 A fuil d’i[sle] a n-uisgedaib
isin tir-si Tomaltaig
ara muillib mothaigter
a cuidigh nir cognaduir.
26 Don triath o Moigh Muredhaig
grian ac goid gach lochthobair
mac Diarmada in deighfer-sin
slat ríaghalta rosgshochraigh.
27 Fer orruma d’fhiledaibh
fer cosanta a comfhocuis
fer can orruim d’escaraid
fer comaill a com[fh]ossaid.
28 Lámh do cheis ar cathshleghaib
do-ber bás do bogadhaib
mac Concobair cnessholuis
gormlachain do gonustur.
30 Eóin créchtacha ar caladaib
ó trénbogha Tomaltaig
easbaid ar na heltadhuib

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

suil bentair don bogha-sin

31 Ua hEchach bas barramail
spregus cath re Connachtaib
ar ndhail in croinn cuirfider
laim ar [loinn?] an Lochlannaigh.

32 Do-ni in lann a lethcumaidh
si 'sa crann fa comfalaid
*fráech catha ar an coingir-sin
fala righ do fhromadur.

33 Is terc bias can bithainimh
da ria o thres Tomaltaig
lamh ass mó assa muinighter
mór do cách do comartaig.

34 Cossa croind fa curadhaib
o loind corcra in Connachtaigh
aighedh ar gleo in gilli-sin
aithrech leo nar locadur.

35 Sceith lethna 'na lethscoiltibh
tar eis tresa Tomaltaig. Tar éis ...

276

I n-ithir ghrás do ghein Dia
[TCD 1356 (H.4.15), 276]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 [I n-]ithir ghrás do ghein Dia
ar tteacht a meadhon Mairia
do thoil Rígh na ngrás do ghein
an síol do fhás fó dheireadh.

2 A n-ithir na ngrás do ghein
síol grás do ghein san ithir
se slúagh ré a ghrásuibh a ngioll
an uair do fhásuidh ifrionn.

3 Do cuiredh a n-ithir óig(h)e[s]
Día féin do dhruim deaghfhóide
síol grás do ghein gach tora[dh]
do fhás sin dár slánúghadh.

4 Do fríth í 'na hithir ghloin
dob hí ó aimser Ádhoimh
an Ógh tréar fhás an domhan
pór na ngrás gur gabhlúghadh.

5 Dá chéd blíaghuin a-mháin[s]
cúig mhíle gar mo dhiombáidh
do bhí grás an Rígh gan roinn
a shíol nó gur fhás aguinn.

6 Ní dheachaidh dinn gá ttáim ris
aoinneach 'na dhúithigh dhílis
acht sinn ar séana ón teagh thall

Royal Irish Academy, Corpus Triónóide, TCD

ó do bhain Éabha an t-úbhall.
7 Gabhu[i]s máoith muinnter neimhe
caoinid na hóird ainglídhe
ar ndul dóibh as a seilbh sin
na slóigh ar dheilbh an Dúilimh.
8 Sléachtuid a n-aoinfheacht ann sin
cromuid a ccinn don Choim(h)dhe
do bhí gan tsódh naoidhe ar neimh
brón mar dhaoine dá dhéanamh.
9 Mar tháinig trócaire an Rígh
toil a ghrás d'fóir ar n-imshníomh
do thoirbhir don chnaoi dar ccoill
caoi dá aing(io)libh níor fhulaing.
10 Táinig chuice a-n(s)úas do neimh
sgeallán suirghe a n-ucht aingil
mo-chean leannán arár lígh
sgeallán mo chean ón Choim(h)dhe[idh].
11 Don chédbhréitir do chan ria [277]
aingeal Dé ar ndul go Mairia
níor bhain^{r} as a hóghacht^{r} an Ó[i]gh^{s}
is do-rín^{r} cloinn^{r} a ccédóir.
12 Toghthar ag Dia ógh eile
d'iomchoiméad na hinghíne
mar budh bean mur aonchrúth í
fear 'ná *cumhthach do-cífí(dhe).
13 [S]na críocha[ibh] fá dúithigh dhi
do bhí reacht aco an uor-si(n)
nárbh áill bean do bhreith geine
's a bheith gan fer d'áirigh(th)e.
14 Ón ccogar do dailedh di
do bhí torrach trí ráithe
rug aonMac do-choidh ós cloinn
an tsaorshlat do fhóir oruinn.
15 Síol na ngrás lér saoradh sinn
ní bhfuil a inghíon Ióachím
d'éis bhranair do bhruinne ngloin
samhuil truime a thoruidh.
16 Tú an úir is áirde ná neamh
tú ar ttús d[o] fóir ar n-imneadh
síoth m(o)'uilc do nuaghalaibh^{r} a-nois
an nuadhréalta^{r} puirt Parrthais.
17 Tú is ithir do dhaonnacht Dé
tú ár leigheas a ló an fhinné
tu an tógha ré tteacht a mbruinn
(i)s ré ndul a ccor[p] dár ccoluinn.
18 Tú an aoinbhean torrach ó thriar
tú an Ógh do ghabh ó Ghabriél
an itir chineail dár chin(n)

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

crithir deighshíl *ón Dúileamh.
19 Geinid dá ghort is aille
trí ghráinne ar lorg aonghráinne
muna mithid di & damh
a n-ithir na ttrí ttamhan(n).
20 Dia an gráinne as ar ghein an triúr
an ithir as í ar ndeighshiúr
d'éis tora[i]dh na ttrí ngrainne
tóg(b)aidh sí ar síothchána. Ithir ...

277

Iad féin mhóras Clann Cholla
[RIA 540 (C/iv/1), 179r]
Ferghal Óg mhac Briain Dorcha I Uiginn cecinit
[Gaps filled from second copy of this poem on p. 188 of the same ms]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Íad féin mhóras Clann Cholla
díobh tháirsiod tús urruma
íarsma an tslóigh ó bhráonráith Bregh
nach dóigh cláochlaidh a ccéimedh.
2 Díobh táinig tús a ratha
clann Cholla chláir fionnMhacha
gasraidh meirsheang fa mó seadh
ré ró a ccéimionn ría ccreidiomh.
3 A-táid bhós gan bhreith a ngill
foireann chobhsaigh cláir Fheidhlim
ó ló chéidsheal na ccuradh
cló nach fhéidir d'athrughadh.
4 Fuil Cholla Úais ainceas goimh
táir an chédchuid don Chollfhuil
comharsoin as ar chóir tenn
rofhorsain[r] áigh na hÉireann.
5 Rugadar athaidh dh'aimsir
neart cháigh san chrích ngealaidhbhsigh
ceim as coimhsoiléir re headh
ar fhéin ngoibhoiléin nGáoidiol.
6 Beg más ionáirimh orra
fuil Cholla chláir Líatroma
d'iúl ágh o fúaradar soin
fa chlár bfuarabuidh bFiachuidh.
7 Fúair aoinfher da n-aicme sin
ceannas Éirenn d'éis Fhiachuidh
gér chuid maoidhimh nir mhór dháibh
glór gach aoinfhir dha admháil.
8 Gabhais go cced da chinedh [179v]
Colla Úais d'iúl móirfhiledh
críoch goibhélta na ngleann ttais

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

doidhénta err a heólais.

9 Ceithre sáoirbhlíadhna a[s] sé a bhun
do bhí an ríoghacht da ríaghladh
ar láimh Cholla Úais gan oil
gan ghúais ronna dha rochduin.

10 Nir chuir áoinfher ’na aghuidh
le re an cheirt ad-chúalabhair
mar sin do gabhadar greim
ós moigh arabaidh Oilill.

11 Riú féin bheirid a bhuidhe
a bfuairsiod d’feidhm amsoine
pór neamhcroinn nach núaidhe cion
cúaine do mhearchloinn Mhíledh.

12 Mór ccéim úaislighthe orra
creidther ó chloinn ríoghCholla
a cosnamh a sealbha soin
um fhrosmhagh Temhra o thosoigh.

13 Ocht bfir dhég ’s a háon re n-ais
do shliocht Colla Úais airmghlais
do náomhadh a-núas do nimh
lér fáomhadh crúas an chreidimh.

14 Mairidh a menmain gach fir
a-tá a leabhruibh fhóid *fhoinigh
sgaith gach céime *rod cadaigh
an rath féile fúaradair.

15 Bíodh nar íocadair érca
cuirid an chríoch ghoibhélta
doimh treabhtha a ccuing an chogaidh
fa thuinn ndeabhtha is ndiúbhragaidh.

16 Mór ccath re áiremh orra
tugsad na trí ríoghCholla
timchioll chláir nochtsholais Néill
más dail foltanais iadséin.

17 Naoi ccéd is Ferghas Fogha
marbhaid ar mhagh mínChobha
an laoichthréd ’sa bfoghla a bfad
acht áoinchéd calma is cáogad.

18 As leó thrá ni teidhm chonail
do cuiredh cath Dubhchomair
táom nárb fiacha da fhine
ar Fhíacha sáor Sraibhtine.

19 A ccionn treill táinig as-tech
a mhac Muiredhach Tíreach
mór n-iomarg do-niadh a-noir
do ionnarb íad go hAlboin.

20 Áitighther leo lór do sén
clann Eochuidh duasbhoig Duibhlén
foinn mhíne gan mheath tagaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

leth na tíre a ttárladair.
21 Nir íarsad cíos no comha
Alba ar urchloinn Eochadha
ni díol fúatha a síth mur soin
(a)s ní fríth úatha gan íarroidh.
22 Cuiris Muiredhach maith fúair
a theachd ar cenn an cathshlúaigh
feirde do tslúagh chíalloidh chain
úadh da n-íarraidh a hAlbain.
23 Ar bfilleadh dháibh go fíadh bFáil
fuaradar fromhtha an onáir
gér lía urraim búdh dleacht dháibh
urraim da ccert a ccédáir.
24 Ó gealBhóin dóibh go Doire
cosnaid ar cloinn Rúghroighe
níorbh é ríomh crúaidhe a ccogaidh
don trían[r] túaidh[r] o tangadair.
25 Ó Berrmhuin Bhreifne ar fad
go sruth Finne as fiú formad
fúair an chlainn mesardha móir
do dhroim e[asumhla is anshóigh].
26 A ndernsad um chrích cCobhthaidh [180r]
bhán ccúis[-s]e dhá cédorchruibh
mo phudhair an dúaigh-se don dreim[s]
cumhain an úair-se um Éirinn.
27 Bádar os cionn na críche
ag ríomh a cladh coigcric[h]e
cosg síth a ccomhláimh chogaidh
gobhláin díobh go ndernadair.
28 Na gobhláin do fhás úatha
sáimh leó gan lá fionnfúartha
gan chur le a cceimennuibh soin
gan toil Eirennaig dh'íarruidh.
29 [Ú]adh do tuismedh túar garma
tríath Manchach 's Mag Mhathghamhna
aignedh rochalma a ríomh soin
is síol ccathardha cCeallaigh.
30 Dubh[gh]all do fhás da n-aicme
ríomh nach rádh senchairte[s]
cosg tathaim claidhmhéighe Cuinn
athair deigh[fh]réimhe Dubhghoill.
31 Seacht nglúine fiched fíor dhamh
a-ta bhós do bhreith leabha(i)r
ni sgél go ccrúas núaidhe a-niugh
úaidhe súas gus an sinsior.
32 A-tá roimhe a réim dhírigh
a trí is trí fichid caithmhílidh[sa]
bas dílidh ag coingleic cáigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

go Milidh oirdhreic Easbáin.

33 Nir ghabh síad o sin a-nall
an chlann do chin ó Dhubhghall
fa chrích mbuig bfinntighe bFáil
gan cuid impidhe d'fagháil.

34 Do bíodh ar cumas don chloinn
do sliocht dúasabaigh Dubhghoill
síol cCuinn do chonnmháil a cciort
no roinn d'foghbháil san oighreacht.

35 Do ghnás fortúin feirde dháibh
ar bheith laochdha a láibh forráin
súr doibhert dréim re tagadh
da roinert féin fúaradar.

36 A-tá dhíobh go núaidhe [a-nois?]
ar lorg congmhála a ccádhais
fer caomhanta ar cóir a shen
aonshampla cháigh da ccreidther.

37 Tabhach a ceirt 's a ccabhair
mac Émoinn úa Dúnadhaigh
gnúis lecglan da las pudhair
as bentar do bharamhail.

38 [Ó]s dó labhras laochdha an chuing
fúicfe Feidhlim Mhac Dubhghuill
gan tár an chlannmhaicne or chin
a cclár armglainte Fhuinigh.

39 [C]uid na sóiser da senuibh
cuid na sen da sóiseruibh
don chrích drúchtaigh ccladhréigh ccorr
fuicfidh ag deig[fh]réimh Dubhgholl.

40 Clann nDubhghoill san riocht roimhe
cuirfidh d'fedhmaibh egnoighe
aignedh séghoinn slat chumhra
mac Émoinn go n-easumhla.

41 Le brethuibh díorgha an dlighidh
gébhaidh gairm [a] mhóirchinidh
gidh cúis oimhne do ghné ghil
ós é as oighre 'na n-áitibh.

42 [Tairgfidh mac] Emoinn óig
rún fraochdha as faide ó orchóid
[a-núas gan chlei]th ar a ccenuibh^{s}
breith súas ar na sinnsearuibh.

43 D[...] Emoinn Feidhlim féin [180v]
cráobh tarthach nach ttáir báoithréim
lámh ar ccúl chathshlóigh Sedhsa
súdh glanphóir na nGaoidheal-so.

44 Sóiser slechta síol cColla
sinnsear go sén n-uruma
cosg tacha ferarsaidh Fáil

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

d'énamhsuibh chatha Crúacháin.
45 Súdh cumpoir chloinne Suibhne
éigne o mharbhshruth Modhairne
fer reighighthe caingne a ccert
éindrithle as aidhbhle a n[aiceacht?].
46 Mac Róise nach ráinig oil
móradh céime don Chollfhuil
aghaidh róidgheal go rún ngrinn
fan ndún óigbhen a hinntinn.
Do réir úghdair an dána féin do sgríobhas sin. Íad ...

278

Ina mbláth leagthar cineadh Chaoimh
[RIA 953 (23/G/1), 366]
Ó Dalaicc Fionn cecinit ar bhás Airt meic Dómhnaill meic Airt meic Eoghain [Ui Chaoimh]
ó Ghleann an Préachain.
[Deibhí, Dán Díreach]

1 (I)na mbláth leagthar cine[adh] Chaoimh
fá-ríor as duille díomhaoin
a mbladh lé cách as cúmhan(n)
bláth nar fhan ré habúg[h]adh.
2 Luath leagthar a mbéal a mbláth
fuil Chaoimh is oirdheirc iomrádh
cúis mhímeanm(h)a a cclódh fá chria[i]dh
pór na fineamhna a finnChlia[i]dh.
3 Misde nách saogh(a)lach crú Chaoimh
laoich thoghtha nár thuill tatháoir
seanmóir tréighe[r] na ttamhan
seanróimh éigsi is ealadhan.
4 Gíodh alainn dath an duille
bhios ar an ccraoibh ccúbhraighe
spéis 'na hámhuill ní bhfuighthe
ní hálainn d'éis fheóghuighthe.
5 Ní anaid ré haois fhoirfe
fuil Chaoimh na ccolg bhfaobhoirthe
léan Gaoidheal a ccás na cuir
go bás na saoirfhear sochruidh.
6 Art mac Dómhnaill díol cúmhadh
saoth liom gan é ar mh'ordúghadh
gnúis nár do cuireadh fá chria[i]dh
fuíghioll an áir ó fhinnChlia[i]dh.
7 Fine Chaoimh lé a mbrontar ba
tuitid (i)na ttáimhnibh troma
ní hé as taosga théid don druing
an mhéid as aosda aguinn.
8 Gach ár fóirne dár fríth riamh
ar fhuil Chaoimh na ccreach n-imchian

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

seanshlat gan chómharle[r] ccruinn
fá doilge deaghmhac Dómhnaill.
9 Mar do lean gach áth eile
Art Ó Caoimh cruth shéimhíghe
do sgoth fhionnshluaigh fhear Muíghe
do lean ilbhuadh iorghuile.
10 Deaghshliocht daoineach Domhnaill Chróidh
laoich uaisle dob fhearr onóir
mairg do-chí claochlódh na bhfear
baothghlór don tí nách tuigfeadh.
11 Crú uasal Airt mheic Eoghain
laoich an aignidh ilcheolaicc
aonghnáth an éaga do loit
na géaga ó chaomhráth Cormoic.
12 Clann Chaoimh go rath na ruire
Crú Chathail meic Fionghuine
do thuit [a?] ccloch[r] chúil le hArt[r]
diombáigh[r] lé fód[r] bhFiachaidh[r].
13 Muinntear Chaoimh fá rómhór rath
sgoth churadh chríche Barrach
fá cheann oinicc[h] dár n-ionadh
doil[i]g[h] liom a láithriúghadh.
14 Cion ollamhu(i)n dleaghthar duinn
ó fhuil Chaoimh re ar choir iomthnúith
dá bhfagha[i]m-ne ár ceart ón cclainn
ar fheart deaghoighre Dómhnaill.
15 Do choiseónadh crú na nArt
geall an chóige[idh] ar chródhacht
muna bheith lúighe dhó a ndán
duine budh mó na mórán.
16 Fuaras ar oighre Dómhnaill
sgéal oircheas as m'fiorfhoghlaim
tuar *caoineadh don chlainn-so Chaoimh
tóirse ar dhaoinibh gé díomhaoin.
17 Hector mac Prímh uair eile
tárlaidh a ttosach aimsire
geall gach *[odhi]adh? 'gá láimh
aonchroidhe dob fhearr n-iomrádh
18 Rogha na ccuradh ccalma [367]
*ón Traoi dob (h)í a n-athardha
laoch dár ghabh Gréagaicc[h] dá réir
don Ghréagfhuil budh eadh ei-séan.
19 Lá n-aon dár éirig Hecto[i]r
ón Traoi alainn ilchleachtaicc[h]
ar shlios cuain cathrach eile
go huaimh nathrach neimhníghe.
20 Tig as an uaimh gan [a] fhios
[do]chum Hector f[h]uair áithios

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

feidhm do dhíricc[h] a dheacra
*míleadh go ndeilbh ndraoigheachta.

21 Do ráidh Hector an iuil ghrinn
"cia thú a óglaoich nach aithnim
a chuing róchalma an ruin tsaoir
sloinn duinn h'atharrdha a óglaoich."

22 "Maith do ghaisge[adh] is do ghal
maith do dealbh is do dhéanamh
gidh eadh fós ní aithnim (s)ibh
le mbraithfinn tós do thaisdil."

23 "Aitheónaigh misi mé féin
a mhic Phrímh nách fuair oilbhéim
do-dhéan treoir am dheacraibh dhuit
a Hecto[i]r an eoil ordhruic."

24 "Mé spiora(i)d an ghaisge[idh] ghrinn
fada thánag fád thuairim
d'iarraidh ceile as cubhaidh dhamh
tréighe bunaidh mo bhriathar."

25 "Ní hail(l) liom leannán choidhche
a ghnúis naoidhe neamhfhoirfe
acht céile *cómhlainn do neart
lomlán d'féile is d'uaisleacht."

26 "Laoch nár theithmheach thig a ttreas
laoch leadarthach lán d'áitheas
gan ghlór baoth gan mhionn bréige
lór liom laoch do leithéide."

27 Hector is an gaisgeadhach glan
do cheangladar a cconnradh
a rian da-ríribh do lean
*míleadh dár ghiall an gaisgeadh.

28 Dá madh ionann aimsior dhóibh
mac Dómhnoill fá trom [d]tionó[i]l
ar chlú chosnaimh ar ghart *ghloin
fá cosmhail Art ré Hector.

29 Laoch dob fhearr gniomha goile
lán beoil Chonntae Chorcaighe
dom dhearcaibh as cora a chaoi
Hecto[i]r cródha na conntaoi.

30 Má tá ortha éirge a-mach
sluagh cosgrach chríche Barrach
créad do-dhéanaid ann gan Art
mall go bhféachaid(h) a bhfurtacht.

31 Truagh liom tusa a mhic Máire
a thulach na tromdháimhe
ad chodladh ar lár an laoi
láimh re cogadh na conntaoi.

32 Gan fhíon gan iomarcadh foinn
saoth liom-sa deaghmhac Dómhnoill

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

marbh a n-úir an[a] aonar
gan lúth arm ná ilfhaobhar.
33 Truagh liom a thaobh ar talmhain
an-nocht fá throm tionnabhraidh
gan gleothruaill cosnuimh a ccath
fá hursain bheochruaidh Bharrach.
34 Mná Gearaltach ag gol faoi
is mná Ealla an fhoinn fhéarnaoi
ó f[h]eachainn ar Art ó Chaoimh
smacht ar dhéaraibh as diomhaoin.[x]
35 Go ttí dhíot mo dhul ar *neamh
a Mhíchíl fhinn a aingil
ainic misi a mhaoir neamhdha
taoibh ré treisi an tighe[arn?]a. Ina ...

279

Innis sgéala, a sgéith Donnchaidh
[RIA 703 (23/H/8), 43b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Innis sgeala a sgéith Donnchaidh
cuimhnigh ar dho chomharthaibh
ga tráth sgaoilte na sgéala
fath a ccaointe an ccuimneaba.
2 A sgéith Donnchaidh dhúin Eamhna
cuir ge dusgadh doimheanma
fios na sgeal reacfaidhe rinn
a mbeal teachtaire o ttuigfinn.
3 Sgeala bur ttreas uair éigin
tarruigh me ag mac Cinnéididh
a sgiath thobhaidh na treise
fiach óraibh a inneise.
4 Iomdha troid fa ttugais láimh
nach feadthar a fhios d'faghail
a réalla an catha cuimhnigh
sgeala flatha fionnLuimnigh.
5 Mor ttreas inar thogbhais ceann
a sgeith riogh Ratha Raoileann
beag dhíot do-chuaidh gan caitheamh
a íoc ca huair iarrfaithear.
6 Ás í th'agra ar Inis Fail
a bfuarais d'ulc dha headráin
a sgéith thall ge taoi ad thaisibh [44a]
do bhaoi am 'gun agrai-sin.
7 Meinic do connmhadh cro sleagh
ag cosnamh catha Gaoidheal
la catha re cléith th'ochta
a sgéith f(h)latha Fiodhorta.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

8 As báidh libh-se a laochradh Ghall
gan luadh ar chath na ar chomhlann
mar ta an sgiath chorcra do-chím
fa cliath ochta don airdrígh.

9 Sgiath na laoch re lingthi cath
fa mince ár mhílidh Teamhrach
ionmhuin lamh is a luige
clar d'fhiodhbuidh na hiobhruidhe.

10 Ga mac ríogh 'gar dhoilge dhuid
an go fóill agus fuasluig
ós a dhol a cceann comhráidh
modh as fearr dhon iomorbháidh.

11 Cia as mionca lear muidheadh cath
leat riamh do rioghraidh Theamhrach
feadh th'eoil o aimsir Logha
faillsigh a ndeoigh Dhonnchadha.

12 As tu an sgiath fa sgiath do Lugh
an tráth fa ttorchar Balur
a sgeala ar Mhuigh Tuireadh thall
a thuireamh ní fhuil agam.

13 Fa hí an sgiath-so a n-uair éigin
go marbhadh meic Cinnéidigh
ar mbás Briain do bhas Murchaidh
'na dhiaig cas do chomarthaibh.

14 Suil ar sgeith mharcaig Máige
cidh nach adhbhar urghráine
gan mac riogh riamh 'ga rabha
nach biadh ar dhiol Donnchadha.

15 Iomdha feart ríogh go ria Bóinn
gan brat eatorra is aie-oir
on oirear thuaidh go toraidh
fuair oigheadh a ionnamhuil.

16 Conn Ceadcathach na ccead ccath
a feart ar thulaigh Theamhrach
iomdha feart thall sa tulaigh
ge tearc ann a ionnamhuil.

17 Reileag muinntire Meadhbha
as comartha creideamhna
tearc turadh os[a] taisibh
feart curadh na Cruachnai-sin.

18 Iomdha dho síol Éimhir Fhinn
fuair bás re tteacht an Tailghinn
damhna ríogh fá cladh cCaisil
dhíobh ar an ccar cceadnai-sin.

19 A-ta os cionn a chathrach féin
feart Con Raoi an ruathair aighmhéil
sliabh on gairde grian turaidh
sliabh as airde a n-iarMhumhain.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

20 Turadh coitcheann os a cionn
fuair d'iomarcaigh o a n-áirmhiom
ni ceileabh an feart fa bhfuil
go teacht do deireadh dhomhuin.
21 'Gun chéidrigh dar creid Éire
do bhi sgiath chinn Choirrshléibhe
siocht a chionn a ccluain mín[s]
an mionn do-chuaidh 'mun ccéidrígh.
22 Le cáirdibh Gaoidheal is Gall
do thuit rí Ratha Cualann
ni he an gaol do thaobh o tTail
do thaobh se ris an siothcháin.
23 Ni tabhair dhuinn dia do chor
acht osadh as fiu cogadh
gan sith rinn acht le rotháir
ar ndith chinn O cCeallacháin.
24 Ni sgaoiltear sgeala bréige
a ccaithréim mheic Mairgreige
mor ttreas a-tá gan tuireamh [44b]
nach feas ca lá leanfuidhear.
25 Ruaig nar chothaigh go clochaibh
thug ar na tri Barrachaibh
triur nar tubhadh riamh roimhe
triar curadh fa cosmhoile.
26 A ccrích Conndunach dho chuir
tri madhma fa chuig creachuib
ni trí madhma ní mhaoidheamh
ri Annla ge eagcaoinear.
27 Magh Colpa cian bhus cumhain
do chreach mar dho-cualabhair
creacha bus cumhuin lé ar ccloinn
go tuluigh Reatha romhuinn.
28 Creach Eóchaille le fear bhFáil
agus creach Chnuic an Ghrianáin
is creach mór Moighe Gurna
brón leam croidhe an comhurdha.
29 Cineál Aodha an inbheir the
arguin Ciarraige Cuirche
Hí cCairbre agus Ceann Sáile
gearr a ccairde on chéadbháire.
30 Cúig creacha o Chorcaigh gan chath
sé creacha o Chill na mBallach
síodh dhá mbeath arna mhárach
ca leath díobh nar dhíoghbhálach.
31 Bároidig nior bhádhach dho
trí creacha aige uatha
creach on Doire ruadh dho rug
far bhfuar croidhe na ccarud.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

32 Siortha leathna an la do lig
fa Bhaile Mhór mheic Philib
san mbaile ar mboing an bile
faire ar choill ní cuirfidhe.

33 O Ceallachain cuairt oile
thug a ttimchioll Orbhroidhe
mar théid muir o thráigh go tráigh
do chuir laimh tar Ibh Liatháin.

34 Le a dhoimhne do-chuaidh a ccoill
ag leanmhuin chreach O cConoill
deacair breith na n-each tar ais
do leath mun ccreich san Chlaonghlais.

35 Creach tre Gort na Tiobrad tug
’s a tabhairt a tír námhu(i)d
ga fríthe budh deacra dhó
teachta tríthe gé théarnó.

36 O Ceallacháin cia dár náir
la creiche Cúile an Smotáin
slóigh o cConuill ar ar cionn
go nóin oruinn da n-innioll.

37 Creach oile a hionnamhuil sin
do bhean do Bhaile an Laighnigh
mó díoth na déise bige
da héise fríoth foighide.

38 Ní guais leam an la nach mair
dhó Bealach Atha a argain
gan teitmhe fá choim na cceall
a cCoill Mheithne o nach maireann.

39 Do-chuaidh a thionól fan tír
ar ceann chreach Coilleadh Máibín (?)
docra dhóibh iná a deanaimh
toir rompa ar a reighléanaibh.

40 Ga hobair narb usa dháibh
creacha an Triocha do thiomáin
ni fríoth aisde síotha o shoin
Tríocha ’na n-aisge dh’argoin.

41 Creacha Gearaltach ní ghéabh
do láimh uile go n-áireamh
ní thug an rí ’na síodh soin
acht a tri dhíobh sa deachmhoidh.

42 Fa mionca riamh roimhe sin
creach le muinntir meic Eoghain
nírbh iongnadh a bheith fa bhrat [45a]
go ndiongnadh chreich ar Chormac.

43 O Ghleann Fleisge re dha láibh
tug da chreich anba an éadáil
ní fríoth ar lógh budh lugha
gear mhór díoth O nDonncudha.

Roinn na Cuéige, Col. na Tríonóide, TCD

44 Clann Mhuiris ar ceann a chreach
clann Amhlaoimh ca mó meisneach
do chloinn Mhuiris mar do mhuidh
muidhis don droing ’na deaghuidh.
45 Ceithre creacha ar a chuid féin
o Chloinn Charrthaigh ’na caithréim
síoth a leith na cceathra ccreach
dho-gheabhta ’sa mbeith buidheach.
46 Ar Fhinghin mac(h) meic Donnchaidh
na coillte do chomhorthaigh
ní targaidh a shíodh o shin
fa-rior ar n-argain Fhinghin.
47 Se creacha go ccuimhne dhamh
a-ta dha ndíth re Donnchadh
a ndearna ar an tír lé ar thuit
ar righ Eamhna nirbh éaruic.
48 O Ceallacháin tug as-teach
d’eis a chéile crioch Roisdeach
gein go ngabhaid da lo linn
caraid as mó as a maoidhim.
49 Faghla Í Cheallacháin cláir Breagh
ní feadtar uile a n-áireamh
gach creach do-chuaidh tar cuimhne
’ma breith uaidh ni íocfuim-ne. Indis ...

280

Iomdha agra ar Íbh Eathach
[Franciscan Library A25, 114]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Iomda agra ar Ibh Eathoch
mór ’na ceann cúis ainbhrethach
nach tarbha tagra di-si
tarrla d’agra uirthi-si.
2 Ibh Eathoch na n-abhall cclaon
mór n-agra da gach éntaobh
ar an bfond síth ttaighúir ttais
ag crich ainiuil is eolais.
3 Crioch Oirghiall ag cuntais chruid
ar Ibh Eathach i nUltoibh
mó a díoth lér hadhnadh innte
crioch na n-adhbadh n-indilte.
4 Ibh Eathach na n-inbhear tte
creach Bheoil Feirsde creach Chuailgne
a ttagra ni tráth dhi-si
cach dá n-agra uirthi-se.
5 Creach Cháirlinne is chuain Doire
creach throm o thír Bhághoine

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

creach an Fhail ’s da hagra sin
nir dhóigh a ttagra o thosaigh.
6 Creach Lathoirne na learg nglan
airgne troma o aird Uladh
a ccrodh dh’Aodh ag breth bhisigh
nir sháor chreich an Chrúisisigh.
7 Tucc fa dhó ’na dhoire dhíagh
Muineachan ardphort Oirghíall
on dá thoiscc do-chim gan chrodh
’s do loiscc in tír ’na thimcheal.
8 Mag Áonghusa nar ob chath
tucc airgne o Fhearoibh Manach
son choill Ultaigh uair eile
Ultaigh uaidh fa oirbheire.
9 Creach mhor Mhachoire Ghréine [115]
tug leis damhna doinndheire
tucc chreich ón Irid ar-ís
sirid in mbreith do bheirmís.
10 Seachd ccreaca cuntas a ccruidh
sliocht mheic Í Néill a-nalloin
gin gur cuimhneach iad orra
siad gan fhuighleach eattorra.
11 Do marbhthaoi mana tóirrsi
do creachthaoi cuis doghoilsi
faghartoidh gach uair darbh áil
lé sduaigh n-anfholtaigh nIomdhain.
12 Baile hAblae Aird Ghlaisi
do chreach fa cuairt dioghroisi
do ling sliabh Bredh don taobh tiar
is gach raon ar fheadh Oirghíall.
13 Mag Aonghusa nar chlaon chuing
ar ngabáil mhic meic Eachduinn
sliocht an áigh ar arm gach fhir
do bháidh ’s do mharbh a mhuinntir.
14 Mac Seaáin Bhuidhe bert cais
do mharbh fós fatha doláis
ursa ghliadh chaomhshluaigh Chodhail
tiar um craobhrúaidh Chonchabhair.
15 Oirchior on chionn go chéile
go meinic tuar troimdhéire
do creachadh sáoirfher bheann mBreadh
geall na nGaoidheal do-gheibhedh.
16 Mag Aonghusa an t-ésga lán
a nGleann Seisge fuair iomrádh
ann do mhuigh rímhaidhm roimhe
fíorfhailm o mhuigh Maonmaighe.
17 Earr Cháoin ’s an Duibhthrían fa dhó
do chreach Aodh ger fáth íarghnó

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

earla coirnfhíar nar chreach sgoil
do chreach goirmshliabh in Garbhlaigh (?).

18 Cethre creacha ag cráoibh finne
do-chúala o choill Bhairlinne
& creach oile o Mhoin Mhoir
do-choidh fam chroide a ccédóir.

19 Do bhean Aodh nar eitigh sgoil
sé creacha do chloinn Bhreasail
's (do) chuid da ndutaigh uair eile
do dhlutaigh uaidh m'eolcuire.

20 Do cuartaigh Aodh thoir is tiar
Mullach na nArd iath Oirghíall
flaith Líag dom cailg fa a cceantaibh
do (iad) airg iad re hénsechtmain.

21 Leth a chreach ni cumhoin linn
leis do loisgeadh Loch Guilinn
is tug clann Chana gan chrodh
in fhala ann ar n-aghnadh.

22 Carroig in Bhogain bert cais [116]
& brugh Bhaile Tomáis
an gheg sháor o fhuil Eachaidh
do chuir Aodh fa aoinndeathaigh.

23 Fa dho do chuir asa chrodh
in Baile Núa i n-aird Uladh
do chuir sin mh'aire d'fhínndigh
& baile in Bháirínigh.

24 Roibeard Dúdál dearbhthar linn
leis do gabadh a ngheibhionn
ar losgadh bhrúaigh a bhaile
brosdadh uaidh ar mh'eolchuire.

25 Ar ri chloinn Raghnoill Bhuidhe
codhnach chloinne Rughraidhe
do-rad maidhm a Muigh an tSuain
dar chuir a ainm an athuair.

26 Creach Chille Cliath don thaobh thoir
creach baoghlach Baile in Tóchair
creach Chnuic Ninne don taobh thiar
do-rinde Aodh ar éinrian.

27 Rath Mhaoilin Baile in Bhaillsigh
do chreach iad a n-énaimsir
luach ar airg ag tochd as-teagh
a n-Aird da Phort na Peireadh.

28 Baile Nua in Tearmuinn tug soin
fa cheó díagh ger dháil bhaoghail
ni bhiodh ris aon ag iomoidh
do bhris Aodh a n-oirionnaigh.

29 Creach o Ghlionn in Bhrach Fhinne
is maidhm chobhlaigh Cháirlinne

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mór slógh do chomhronn a ccéin
is Domhnall cron ’na caithreim.
30 Tug a cCuailgne na ccraobh n-úr
maidhm mór ar mhac in bharún
is maidhm an Chláir ar ghasraidh Ghall
ni dóigh d’amhsoibh a fhulang.
31 Mac Seifín fáoid ni feidhm náir
do créchdoigh a cCill Ludháin
do chéile sccol chlair Chobhthoigh
ar ccor áir ar allmharchoibh.
32 Brisiodh an Bhealaigh Chorcra
tug Aodh dob fath umhlachda
ar dhroing d’foir Ghaoidhiol is Ghall
aoinfhear ni coir ’na conchlann.
33 Fa Dhroichiod Átha an fheóir bhuig
tucc Aodh cuairt ’na cuairt fhormoid
blath na *ccleath o Mhuigh Maine
’s do creach soin in sradbhaile.
34 Riomh a n-écht cuntas a ccreach
losccadh a ccruach a ccaithreach
o Thráigh Bhaile go Bóin mBreadh
do-choidh mh’aire da n-áiriomh.[x]
35 Fear doirche do dhoirteadh fuil [117]
do chuir ar an ccoill Ultoigh
dalta as comhtha as a cceanoibh
oltra mh’orchra d’oileamhoin.
36 A ndearna ’na duthoidh fein
ni bhiú da chur ’na chaithreim
cleath Chró fa bfeacadh gach fiodh
acht gér deacar dhó a *dhénamh.

281

Iomdha ainm maith ar Muire
[TCD 1385 (H.5.13), 121]
De variis B[eatae] Virginis nominibus et laudibus
Diarmu[i]d Óg O Maol Chonaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Iomdha ain(i)m maith ar Muire
craobh uile na se sochuidhe[s]
marig sluagh do thriall acht da toil
Grían na n-Ogh is da hanmuibh.
2 Ní ró molta a ndéantar dhi
bean iomchras oighre án fhine(adh)
fiu Muire a-mháin do mholadh
gra[dh] gach duine diagdha[r].
3 Mar gach ain(i)m oirdeirc eile
da bfuil ort [a] ó(i)ghMhuire

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Sead an Uile is dod h'ainm sin
gair(i)m gach duine dhod dhuithe[igh].
Tú muime is maithur án ríogh
[is] tu is *banlíagh ar mhíghníomh
tu is crú iomcha[i]r don uile
tu is ionchuir dar n-íonghuire.
Tú án ghrían is gloine dealrádh [122]
tú án O(i)gh dar coir cheileabhrádh
tú ar ngáol is *beancheann na mban
tú ráon aithgherr na n-anam.
Tú an ithir is úaisle síol
tú port oilemhna an ardrígh
is tu án ré gan du[i]l a *nduibher
tú an úir go ngné ngrásumhail.
Is tú án chréa os cion[n] nimhe
tú rioghan an righthíghe
tú an fhuil is úaisle d'foluibh
is tu luibh úaim-si ar m'ántolaibh.
(Is) tu e[o]c[h]air ghemhil do gháoil
tú án mhaighdean ná(i)r tuill tatháoir
tú an bhru go sóillsi su(a)thain
tú an *chomhtharach aig na ciontuichaib[h].
Tú in réalta is gille na an ghrían
tu do éisd fuighle o Ghabriel
tu mogul mo chnú *chriodhe [123]
is tú tobar na trócaire.
Tu do oil ardrig nimhe
is tú buime án uird áinglidhe
is tú a tédigh is díon dúin
tu an tsíon nach eidir d'ímpoidh.
Tú an liag logmhur is lia búaidh
tú do cheil Íosa ar Ioruaigh
is tú an glanor ar ghloine
tú an bhano(i)gh os banchuire.
Tú án lochran is sía soíllsi
tú an t-áoibhneas gan athuirsi
tú án pór is *glione dar ghin
tu Muire o(i)gh gan ainim[h].
Tú an ghéag is truime tortha
tu a bhas mo bhrat comairce
[is] tú an(n) chnú is úaisle don fhiodh
[is] tú an cnúas[-se?]nach chaillter.
Tu beanargtheóir ifrin fhúair [124]
tú an riogan nach rug diombhúaidh
tú an lón tair *chion na cruine
tú an Ó(i)gh is ferr ionghuidhe.
Tú an ghein is *farr sómpla
tu cáor bhúadha (na) bantrachta

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar bharr cclu nír cheili[o]s air
is tú is leighios dar lotaibh.
16 Tú an tine do lasas grá[dh][a]
is tú a chráobh go ccnúas nemhnair
tu án *phart 'na hám don uile
tú páirc na ccrann cúmhradh[e].
17 Tú ín *t-arartach do íslig[h] múir
tu an luinghes lé hucht n-anfa[i]dh
is tu fáil óir na n-uile
(is) tu án mhúir gan tráigh (na) throcaire.
18 Is tu róin an traigh thairrthech
tu ar sgíath ar sgath domhaighthech
is tú dér ailé na n-ó(i)gh [125]
[is] tu ar néall *geal gan chlaochló[dh].
19 Tu ar ndroichead gan dul tair tuinn
tu is *liomhúine lucht cumain[n]
tu ar *n-aighne fa chrú án cridhe
tú an chuímhne nach ceilfidhe.
20 Tu ar bfórigean go lá an Lúain
tú do cláoi ar ccairtha án chéadúair
tu án clú do-chuaidh a leabhrá
tú do fhóir *gan áondíomdha. Iomdha ...

282

Iomdha buaidh ar chrích Chairbreach
[RIA 3 (23/L/17), 10b]
Diarmaid ma(i)c Taidhg mheic Diarmada Óig Í Dhála[igh] cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Iomdha buaidh ar chrích Chairbreach
úir na laochru(i)dh lonnairgnech
fód goirmrennach da ngiall goil
tar fhiadh ccoirmbhennach cCobhthoigh.
2 Mór dhíobh nách éidir dh'áiremh
iolbhuadha an fhuinn fhorbhfáiligh
clár sliombog raoinghrenta réidh
d'iomad aoibhnechta air-séin.
3 Do bhuaidh righe na rechtchath [11a]
aibhle a horradh ttoir[...]tach
áille a rian faoilighe a fledh
daoinighe a fiadh 's a f(h)oirgnemh.
4 Teirce a sriobh saidhbhre a hiothlann
loise a lubhghort nduilleathrom
ualcha a hech fíonmhaire a fonn
líonmhaire a bech 's a buabhall.
5 Dillighe a dionn 's a fairchedh
sgiamhcha a tracht 's a torchairthedh
deinmne a hadh athlaimhe a trebh

Royal Irish Academy / Acad. na Tríonóide, TCD

rathmhaire a cradh ’s a coilltedh.

6 Ciodh acht glóir tes a troimnéal
earlaimhe a harm bhfaobhoirghéar
lí a hethar seolchaomh fá sech
srethan a *seolchraoch ccoirchech.

7 Foraois oinigh fhuinn Bhanbha
róimh an oinigh chathardha
críoch bharcruadh na mbenn seada
eang na marcshluagh mileda.

8 Bladh eile d’uaisli(bh) an achuidh
fa hiad cinn a cothachuidh
d’úir shídhinnsidh Mhogha mhir
fírshinnsir fhola hÉimhir.

9 Saorchrú Eoghuin is Eachuidh
fr[e]ímhsliocht Fhiachuidh Mhuilleathuin
croinn ghegthegair choille cuir
éachtdhregain chloinne Cárthuigh.

10 A-tá aoinfher don fhedhuin
ar leirg a ghlún ngeinealuigh
do ghabh coing n-oirbhertoigh air
mur chloinn ccoinbhleachtoigh cCárthaigh.

11 Tadhg an Dúna dreach fhaoiligh
coingidh do chrú sheanGhaoidheal
gég fá síothghabhluigh sluagh Dor
sduagh ró-s fíortharnguir feallsamh.

12 Fuilngidh ainbhreithe ollaimh
clódh díbhfeirge daorurraidh
sódh coibhghen coimhlíonadh breth
foirmlíomhadh choirrshledh Chairbreach.

13 Aithbheóghadh éigsedh molta
díothladh Dhanar cconghalta
caor uaithmhéalta aoibhil ghleoidh
luaithréalta fhaoiligh aidheoir.

14 Iomthusa an oirbhirt aga
oirdhercus ua Diarmada
ádh dhréchtmholaidh fhíréin air
d’fír[fhr]éimh ccédfadhaigh cCárthaigh.

15 Dersgnuighes an recht roimhe
rob ionchuir é a ttarrngoire
congmhus dál nuaidhrechta a-niogh
mar chlár ngruaidhshenta nGaoidheal.

16 An tír a ttá toisg anmhór
coimeduigh í ar echtrannshlógh
ní théid geall daonnachta d[e] [11b]
a ccenn chaomhanta a chríche.

17 Ag mac Taidhg san tír chorcra
a-tá deighréim dreganta
san sgaithghil ghoirmshenta ghloin

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

aithghin loinnghrema an leogain.

18 Beithir lonn re luadh sunna
leoghan aingidh iodhlanda
tárla um chladhfhaighthibh chuan tte
go sluagh n-anaithrigh uime.

19 Cuibhrighid an draig ndoilfe
do-niadh teghdhuis thegoirthe
do ládh dinnsighthe edh air
ar fhedh íslighthe a uabhair.

20 Tig riogan go rún bhfáiligh
don tigh-se ar tí a friotháilimh
go mbárr bhfionnchrom bhfeca ttroigh
a ttiomcholl leabtha an leogain.

21 Ód-chí an leógan echt eile
egsamhlacht na hinghine
meisde í a ionmhuine dhi
do-ní a hionghuire aige.

22 Ód-chlos a beith san bhruid-si
teguid drong 'na deghuig-si
fá ben éidigh í ré a n-ucht
's í nocharbh éidir d'furtucht.

23 Measuid sin ar seilbh a ngaoisi
ar bfhéachuin na foraoise
a tabhairt a gleodh a gomh
re leodh radhairc an ríochon.

24 A ccrích chodalta an leogain
tógbhuid an úir n-eidtreóroigh
san grianbhroighin budh glóir dhi
go n-iarnoighibh óir uimpi.

25 Bedhgus an bheithir arnoigh
ód-chí an inghen egarghloin
re haghuidh imthechta uaidh
gabhuidh ilrechta is anbhuain.

26 Lingeas an leogan faltach
cuires an crobh díoghaltach
tríthe ag buain na dermhná dhíobh
ní therna uaidh gan fhairbhriogh.

27 Roinn leatha dia do dhioghuil
tug sonn ar an soirbhrioghuin
dal truagh ar tinghealladh dhi
imgherradh a gruadh ngairthi.

28 An leogan an drong dherbhtha
Tadhg 's a bhiodhbhadh bheithiordha
ga sedh dhí an tingheall-so a techt
an inghen-so is í a oighrecht.

29 Mar do bhuing an bhéisd chonfuidh
an mnaoi n-edtrocht d'allmhurchuibh
sgarus úir ttonnroighibh tte

Roinn na Sínsigh, Col. na Tríonóide, TCD

re foghluighibh mhúir Mheidhbhe.
30 Tadhg Mhag Carthuigh colg drithlioch [12a]
coimhdhes an fial foirmshlighthech
ar fheidhm ngleoidh ngéirennuigh mhir
's a cceimennuibh eóil einigh.
31 Síodha re flathaibh fromhtha
fraochdha re droing ndanardha
sging fhorbhfaoiligh rob áil air
re comhdhaoinibh chlair Chobhthaigh.
32 Ní shir gleo ní ghabh éara
ní adhuin ní éimdhegha
d'iomdha cliar is edóigh air
ní iarr eagcóir ní iomchair.
33 Giolla meallta ar armluadh
draig is daingne ar Dhanarshluagh
na cédairghe do char sin
tal is éadaingne ar éigsibh.
34 Mír chruaidhe cherdcha goile
dregan Dúna Maonmhoighe
doirsi an oirbhirt do osguil
toimhsi an toirbhirt tharrosduir.
35 Caor dhergruathar na diomdhadh
díbhfergach fhonn n-oirerghlan
súdh beódhachta an cridhe ór chin
righe gleodhachta an ghaisgidh.
36 Fuarán ionnailte érlamh
grian siorchora soighnéalghal
craobh nuainealta chnobhláith chuir
órshnáith fuaighealta an engnuimh.
37 Cuisle fhírbhetha fhili[o]dh
colg ciorrbhuighthe ainbhfini[o]dh
cerd oirghrenta ilcheall sin(n)
timcheall ghlóirshleachta Gaoidhil.
38 Onchú cuarduighthe catha
cóimhleabthach chlann ríoghfhlatha
fremh fhoirmfhesa aithrech sen
taithmhech coirmleasa caibhghen. Iomdha ...

283

Iomdha riocht i dtéid Teamhair
[RIA 3 (23/L/17), 70a]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Iomdha riocht a ttéid Temhair
gion go ttéid sa chert chubhuidh
baisder ó Dhá Tí Temhair
leanaidh sí an baisdedh bunuidh.
2 Téid sí a n-ilrechtaibh iomdha

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ní dh'iongantaibh na humhla
cait a bhfuil an bláith breghdha
ráith Temhra no an toir tharla[r].
3 Ráth Dhá Thí an iongnadh abhlach
an siobhal do-ní as nemhghuth
terc nech ann agá ionnlach
mall siobhlach tech Temhrach.[s]
4 Treabh Dhá Thí an aolphuirt áluinn
's í ós gach aonphu(i)rt d'Éirinn
dún medhach ós gach maoilinn
múr aoibhinn fleadhach Féilim.
5 Rug buime ríNéill Fhrasuigh
'na buinne fhíréidh fhosuigh
cúaird go ráith chúpluigh Chaisil
mblaith maisidh ndrúchtuigh ndosuigh.
6 Seal d'fionnráith Thuathuil Techtmhuir
a cCruachuin lionnbhláith luchtmhuir
's í ós gach áird 'na tigh thapruigh
go marcruigh mir áird Ultuigh.
7 [F?]ás as almsa don éigse
nír fhás dá adhbha is uaisle
ráith bhóirdgheal nac bí a n-ísle
*dísla dhí an foirgnemh fuair-se.
8 Fuair sí cuaird ó gach cinedh
fuair sí suair[c]ios (?) gach trealamh
ní bhfoil ní as sia dhá siobhal
ionadh a mbia sí sealadh.
9 An bhaintreabhthach úr fhollá(i)n
an múr dá ndailter doinnfhíon
cúirt bhláth gan dealradh[r] diombuan
ráth fhionnfhuar fhionnghlan[r] oirriogh.
10 Inis Ghuaire tech Temhrach
treabh nuaidhe milis medhrach
ionmain dún fledhach foirnech
múr cloidhmhech ferach fledhach.[r]
11 Brugh soithlech iongnadh aibhsech
na bhfiodhbhadh ttoirthech ttrillsech
cathair bhláth dhairghech dhoirseach
ráth choimsech aibhnnech innseach.
12 Brugh fioghanta úr arsoigh
an múr griananta geal-soin
as é an gort an gort cobhsoigh
cosmhoil re port Té an tech-soin.
13 Tech nach bí a n-esboidh aoidhedh
ní bhí ar an ttech-soin trághadh
mar teach an tech naoimh niamhadh
'nar hiaghadh sreth chaoin chláradh.
14 Foirne Bhadhbh ag an mbrugh-soin

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

cloidhmhe gorma ag an ngasroigh
lasair bhuan thall san toigh-sin
ó dhoirsibh lann nfuar n-arsoigh.

15 Cóir techt tar thriath an dúna[i]dh [70b]
mór n-iath do chlecht fa chánuigh
síol cCuinn ag tnúidh re thréighibh
féinnigh an mhúir chuirr chláruigh.

16 Ag soin daoibh teisd an tighe
do sgaoil soin ceisd mo chroidhe
samhuil fhian *fher an bhaile
ní raibhe a *ttegh riamh roimhe.

17 Mac as f[h]err agá athair
an tslat as cenn don chathair
fer leis nách gnáth troigh teithidh
feithidh soin cách a ccathaibh.

18 Giolla na Naomh nert adhbhall
nar chlaon ar chert ná ar chonnradh
fuair ar fháth nó dá dheaghbhal
nemhghar do chách a ccongnamh.

19 Ó Sechnasuigh *cumann Cliodhna
drechlasuigh a n-uair fhedhma
rí ara mbí bladh na foghla
rí is ollmha *ón bladh berna.

20 Rí as aithnighe 's as f[h]éile
rí as caithfighe 's as cruaidhe
rí as mire [agu]s as míne
rí tíre gile Guaire.

21 Rí ar a n-anann iolbhuaidh[s]
rí ná gabhann ó ghormgháibh
rí as muille da bhfuair anbhuain
balbhuaigh sluaigh chluinne Colmáin.

22 Rí as uaithne a ccabhair chiontach
rí as luaithe a n-aghaidh uchtach
rí nach bí ar mhuir go meirtneach
rí sa cheirtleth d'f[h]uil Ultach.

23 Tarruigh hí agus í ar fhoghuin
ní d'o Dháluigh 'na dheghuidh
don fhlaith ránuig do roghuin
maith conuir thánuig Temhuir.

24 D'éis dúintiogh Éirenn d'iarruigh
don léibhionn chúirtghil chláruigh
ionmhuin ben do bhí ag ríoghuibh
fer d'fíonfhuil Dá Thí tárruigh.

25 Dún finnTemhrach ar áilne[a]
nó múr finnEamhna féine
an inis do ghabh Guaire
buaile mhilis ghlan ghréine.

26 Gort Innse Guaire an gealbhrugh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

trillse uaine do amladh
cathair bheó na bhfer bhfonnmhar
c[o]rrbhrugh nach teo tech talmhan.
27 Mac Ruaidhrighe ó Bhoinn bredhma
budh suainidhe dóibh a dhiomdha[s]
innioll cena ar chleith ccomdha
sledha gorma is eich iomdha. Iomdha ...

284

Iongnadh do chor, a cholann
[TCD 1340 (H/3/19), 29r]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Iongnadh do chor a cholann
ciall do cur san uraghall
gerr uainn a chara chroidhi
da ngabha a thruaill talmhoidhi.
2 Gac[h] énní budh aimhles duit
a truaill mhalurtach mhighlic
ac sin t'ionmuine a chuirp chuil
*olc is inluidhi at fhochuir.
3 A chompan corrach cealgach
a aithiseach imderg(th)ach
a imshnimach truadh thuirseach
fuar ilghnimhach amhuirseach.
4 Smúain gach énla a chli cholach
a iomurcach easbadhach
smuain a bfrith isa bhfhaghair
smuain do chrioch 's *to cruthughadh.
5 Gomadh linn in la a-marach
fégh a chli ar do chumpanach
nar gealladh o Dhia dhamh-sa
no cía is *urradh agum-sa.
6 A namha m'anma a chlí chuil
ad cria[i]dh tharrla tú ar tosuigh
sgís iona dhiaigh ni dlighi
san criaidh ar-is fhillfidhi.
7 Cáoinfidh tú ni ba trath sain
ar léighis thort ó thosaigh
ceim [d]on uaidh in t-an[n] bheire
a thruaidh ni ham aithrighe.
8 Racha[i]dh tú mur do thoill sibh
ar chlé no ar dheis in Duilimh
eagail *lium trath na togha
gerr o chach a comhrogha.
9 Da bfhéchda in truaill a dtá sinn
da bhfhéchda ar adhbhuidh ithfrinn
cúis diomhdha gan dol a-nonn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

iongnadh do chor a cholonn.[x]
Guidhim Padruig phuirt Logha
go ttí d'fhiort an érlomha
sinn tar choir do cur ar nimh
go rabh ar ndóigh 'na deimhin. Iongnadh ...

285

Ionmhain an feart i bhfuil Brian
[O'Conor Don, 153a]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

Ionmuin an fert a bfhoil Brían
mo serc do luid ar a lúadh
fert í Chuinn nachar chlecht síodh
do bhuing diom fa tshecht mo shúan.
An tí ararbh eólach gach áon
's nar dheorach um dhíol na súadh
's rérbh ionmuin gach dream re dán
ionmhuin 's as cradh lem a lúadh.
On réultain dob iomlán n-áigh
ní feduim iompadh dom úidh
ionmhuin arna mhes a mhéin
cnes séimh darb iomdaidh an úir.
Mé an file do chlecht a chion
frémh ar ccridhe an fert 'sa fer
mo serc an cumann[r] an col
mo tol an derc mongd[h]onn mer.
Mo rún an mhala gan maircc
duinn do budh cara gan cheilg
mo crádh an creidem[r] gan tuilcc
grádh ar n-úird aignedh gan feirg.
Mo creach an bél nach báoth glór
'sa[n] déd daithgheal fa sáor snúadh
bas náoidhe lér eirigh ágh
lámh do réidhigh dáoire drúagh.
Bía[i]dh ar ndile dáib go hég
mo croidhe gé do cráidh síad
na grúaidhe 's an aghadh óg
rabadh fa fhód úaidhe iad.
Ge cúis tuirrse ar chin ó Chonn
a-niú gan coimdhe ósa ccionn
gan da ccoimdhe acht coiméd ceall
doilghe cenn na bfhoigeg bfionn.
Gé tá giall Uladh a n-úir [153b]
a nÁth Cliath na ccupadh n-óir
fa éigne chúain Témra an Trír
do-chinn slúaigh go menmain mhóir.
Ni faicfe mé misde dhúin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mo seisi d'Íbh Neill mo-núar
gnúis an té do char an chlíar
go rabh ar slíabh na sé slúagh.

11 Slán Gáoideal ar nguin ar-ís
a n-áoinfer ni fuil mo spéis
m'urraidh comhuill mo craobh chnúais
gan gúais d'áon oruinn da éis.

12 Nírb íad sin m'aisgedha úadh
an gaisgedhach nár shir síodh
tug Brían tar gach nduine dhún
a rún riamh 's a uille um fhíon. Ionmain ...

286

Ionmhain compán ro charas
[NLI G 129, 89 (second copy)]
{Lughaidh Ó Cléirigh}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ionmhain compán ro caras
an ceidfecht im comthanus
gor treicc me gach aoinfer air
ní da maoidhemh é ar m'ionmain.

2 Ni fhacas día do dhochar
comann éinfhir ealathan
co ttáir don úir a fholach
dúin a-bháin acht Baothgalach.

3 Ticc riom mo réim a-nallain [90]
riú a ccomann nar ceanglamur
tucsat saoidhe sonna as-teacch
mo dáoire orra d'feicheamh.

4 A-nois tuiccim mar a-ta
m'aithne 'na hadhbar iargna
i n-aontomha an treall a tám
gorb ferr claontuccha ar compán.

5 Ni glic beith mar do bhamair
's go bfuighthi a n-áit ioldánaigh
fer reidhcheille ma-ráon ris
taob re henchele d'iris.

6 Do-beradh ciúnas dom cradh
carthain an dara compan
túar faoilte an trath nach búdh tinn
mar as fath cáointe a ccluinim.

7 Congnamh bróin do-béra dhamh
ge tá tuirsech fa scaradh
re a dreich maithmigh co mein saimh
nach reidh a aithghin d'fagail.

8 Gibe iarrfas a aithghin
seoladh fa chrich ccomaighthigh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

seachna Banbha nir bhac d'fior
a mac samhla da siriodh.
9 Aithirne athair na háoi
Dallan Forgaill an fiorshaoi
do mhes rem chele ni ceart
Neidhe ro feas is Ferrceart.
10 Cibe diobh dearmaitder leam
seinfilidh innsi hEireand
a ríomh da samhluind mar sin
diobh ni faghbhuim a aithghin.
11 Da madh ionann aimsir doibh
da madh ed ainm is onóir
Tuil Sigir as sé a shamhail
dlighidh é ara ealadhain.
12 Cuid do theist Thuil Siccir sonn
ar Báothghalach do-bérom
tarrus ré as ní gebhadh greim
don té a-déradh nach dlighfinn.
13 Da mbeireth mar nach beradh
breith don taoibh da ttoigeradh
go saobh da samhladh a gleodh
ní fagbadh áon dá haitcheodh.
14 Nirb feirde an fhiadain dob fherr
is sgel fíre da foirgheall
a leth caingne da mbe ar bail
is é d'aighne 'na haghaidh.
15 Ge madh anbfann a hádhbhar
a haeible o do athadhnadh
ba daingen as [s]é ara shon [91]
gibe caingean le ccongnodh.
16 Mo theist ar mo Thuil Sigir
a daoine len dimigin
cia an fine da bfagair libh
file a shamhail tar Sigir.
17 Biodh co bhfúaisgeoladh file
na cesda do cuirfidhe
uair teasda a enar gidh eth
reladh ceasda ni creiter.
18 Seanchais diamhra dlighthe ar shen
Berla foirtche na bFileadh
do bí i n-einmeidh 'gar n-aithnidh
clí an eirneidh an ionnaithmigh.
19 Ni locht lem gan a slonnadh
damh acht an teist tuccamar
fagbadh sí a ainm gan foladh
don gairm do bí ag Báothgalach.
20 Tre ndearna da dhimes fein
nir hsamhail da ainm eisein

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

glór cumhra damh budh disle
do char umhla is inisle.

21 Ar áoi a ceannsechta re cach
’s gan aithne a feir[g]e im énfa[th]
báidh leam-sa fuighle gach fir
co bfuighbhe cennsa *an Coim(h)[dhidh].

22 Go cuirt nimhe na naoi ngradh
guidim cenn na ttri ttionál
do dealaigh sinne re seal
co mbéarar inne is eisean. Finis
Conchabhar Ó Luinín et cetera 1676 [Scribe]

287

Ionmhain comthach do char mé
[TCD 1346 (H.4.4), 167]
Seán Ó Dúgán cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ionmhuin comthach do char me
mac Uí Dhalaigh bhrúaigh Bhrethfne
á(i)r ttrenEochaidh ní treóir gherr
éneochair eoil na hErenn.

2 Dalach trom dha ttug aghaidh
dés imthechta d’ealadhain
on mhed-si as daighshliocht ré dán
glainbhriocht na heigse d’fhadadh.

3 Ar oighre Sheain mhaoidhfes me[s]
dioghruis eigein na heigse
a *ccreidemhuin a ndán dó
ní táir (a) *d’eideadhuibh Eorpa.

4 Mo chuid ronna o roighnibh suadh
lér chenglas cumann bithbhuan
an tann-sa ní drochroinn damh
Aodha[r] tarsa do thoghadh.

5 Moradh na fremhe dhá bhfuil
cráobh fhosgaidh d’aicme Ó nDalaigh
sd[i]úir a gcaomhanta ar a chór [168]
aonaltra iúil na n-ughdor.

6 A chosnadh as cadhus dáibh
a mhóradh as e a n-anáir
sás dír[igh]thi a sligh[e]adh suin
rishlighthi an fhil[e]adh d’fechain.

7 Loingseóir ar thraigh na hegna
ar linn iomhais aoibhealda
colg as tabhachtach ’na tres
A(dh)bhartach na n-ord egces.

8 Posd oidis innis Banbha
cennlitir fher n-ealadh(a)na

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fer congmhala cuinge sgol
buinne orsnamh[a] ugdor.
9 Eo siobhlach na srothann bhfis [169]
brethamh ollamh d'aos tsenchu[i]s[r]
cenn suadollamh na secht ngradh
fúaramur go cert a cháo(i)nrádh.
10 Demheas chumtha na gcerd ngrinn
áirseóir an dána fhortuil[ar]
sblanc dhergtha ghach grinneóil ghle
cerdcha theghlaigh[r] midhe[r] é[r].
11 Ar fhighe (na) ngres tá(i)r ghnas ccaigh
ar oige líonmhur iomlan
ar a sbroigecht do thuir toil
duil 'na oidecht as ionmhuin. Ionmuin ...

288

Ionmhain taise a-tá i nDoire
[O'Conor Don, 138b]
Conchubhar Mac Conmidhe cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ionmhuin taisi a-tá a nDoire
cos(a) is lámh(a) láoich Bhóroimhe
caruid do chinn ar gach fer
dá braghuid ghill na nGáoidheal.
2 A nDoire Choluim Chille
as é tus ar ttoirrchime
a-tá conchlann gan úidh air
fa chomhtrom lúith is lámhaigh.
3 Ina taisibh gé tá a-niogh
an lamh dár giall an gaisgeadh
ré táobh a chéile is an chos
a ttréighe a-ráon ní rangos.
4 *A n-annoid Choluim Chille
a-ta trúagh an aislinge
taisi na mball-sa Bria[i]n óig
'na dhíaigh is annsa an annóid.
5 A[n] chos ad-chiú 'na taisibh
a-tá ar an ccor ccédnai-sin
mo slán a n-aithghin d'faghail
lámh or aithnigh mh'iongabhail.
6 An lámh da mbeith mur do bhí
ar an mac-sin mhic *Enrí
do-ghenadh cách tar an ccois
trath do dhénamh da nderndois.
7 An t-áoidhe láimhe a-tá thall
san bhaile ar bhendaigh Colam
gidh í m'anam an t-aoidhe

Roinn Lógaithe, Col. na Tríonóide, TCD

ní lamam í d’egáoine.

8 Os í bert do bhí ’nar ccionn
a buain (?) de gidh olc fhuilngim
maith lem ar lár a hairme
lámh ór ferr ar n-anair-ne.

9 Risin bfedh a-táoi a ttalamh
a-tá cách gan chennsughadh
trúagh nach mothaighe a rádh ribh
a lámh chothaighe an chuigidh.

10 Fa meince do leigthe libh
ré hucht Samhna úair éigin
a lámh na lennan bfolaigh
tennal um clár Concobhair.

11 Nir terce lat uair oile
airgthe ré hucht mBealltoine
a lámh as ar mó ar menma
dot ló a-tam gan tigerna.

12 Ma tug ball dona ballaibh
a ccathaibh na a ccomhlanduibh
éntroigh a nUlltuibh tar ais
déntu[i]r Ulltoigh ’na n-égmhais.

13 Gibé roinn ar a raibhe
cuigedh Cloinne Rughruidhe
ní bhíadh ar an roinn-si a-rís
na boill-si ar Bhrían da mbeddís.

14 Fedh m’aimsire aca soin
da mbeinn thall a ttír Eóghain
ní mur tam a-bhos do bheinn
an chos nó an lámh ní lúaighfinn.

15 Ni thiúbhrainn druim rem duthaigh [139a]
ar techt a ttír anduthaigh
’s gan d’faghail acht ced cumhadh
beg an anáir ollamhan.

16 Fuaramur ní fada ó shin
páis ar aitris Dé dhúiligh
ar ttocht a ccenn an Chorgais
ní gerr olc an iomarbáis.

17 Nír himredh riam roime soin
berta na bliadna a-nuraidh
maith gach nuraigh gus a-nos
ní don mhaith bhunaigh bhenus.

18 Go ttí an brach bíaidh ar cuímhne
cos is lámh láoich Modhuirne
da créidhim do fer orrthuibh
do bhen Éirinn d’Eóghanchuibh.

19 Brian do dhichennadh a ndún
milleadh Bríain oig tre iomthnúidh
mairg nach foil coimhréidh fa a chenn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag soin da oilbheim Eirenn.
20 Do tairrnge[i]r Fionn fada ó shoin
go ttiocfadh do Thír Eógain
an tairrngere go ttí as-ttegh
rí crannghoile ar an ccóigedh.
21 Do bhattur ar Brían Ó Neill
go bfúaramur an t-oilbheim
cách aga bforáil féine
nír trath d'faghail oilbheime. Ionmhain ...

289

Is iad riamh as romhó mil
[RIA 540 (C/iv/1), 154; acephalous]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Is iad ríamh as romhó mil
na beich airgter da n-áitibh
súr gach ionuidh ge dleacht dáibh
ré nert siobhuil is seachrain.
2 Ni hi an luibh oirios d'othar
chum a crécht do chnesachadh
ge bheith sí re foghnam fis
do-ni to(i)rnam a thinnis.
3 Deoch íochshláinte gidh í as ferr
'na ccurter cumusg luibhionn
ge siorraide (?) í da har
as í as bríoghmure baladh.
4 Ní máoitte bláth a branair
ar Chathal Ó Choncobhair
bheth óg as ainm arsaigh air
cosmail re maidhm an masail.
5 Fúair a ionnladh díaidh a ndíaidh
d'fíorfholaibh shlechta saoirBhríain
fuair 'na dhíaidh a díol d'ithir
ní síol a ccríaidh choimhighthigh.
6 Inghen Í Rúairc ó Ráth Bredh
an branar 'na bfúair foighredh
sa núachar lér fháomh aghaid
Áodh Cruachan Ó Conchobhair.
7 Cathal Óg da n-eis sos
mur planda do fhás úatho
an ghég úr as uille modh
ga túr as truime torad.
8 Mur líonus an lán maro
no mur lúas áith iomramha
a nert no gur arsuidh air
cosmhuil re thecht *a thosach.
9 [An t-]aithir or fhás Cathal

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

dob fiú a bfúair do lesachadh
techt toraid an uair-si ann
d'folaib úaisle nach ionann
Mur sin nach ionmhaoidhimh air
ó fúairsiod fios a branair
gég thaguidh don fhuil as ferr
go bfuil abaid go haithgerr.
Óige & fromhad fedhma
do-gheibh cédtús cinnemhna
na bíodh sé 'na ainbfios air
don té thaibhges ar tosuig.
An ealto as aidhbhsighe a-niudh
tuitid síad ris na seabhcuibh
do bhreit gill a ngháoisi dhóibh
a rinn aoisi & anshóidh.
Gé lugha an leomhan amhro
do-bher búaidh an Mhathghamhna
clechtadh gúaisbhearta as díor dhó
do bhríogh uaisleachta is anmo.
[.....]r luinne a-nois
budh seabac seilge gliocuis
[.....]fíor ar fhoghail
gníomh Cathail Í Conchobhair.
Budh tendál ar fedh bfoghla
bud linn omhus ealadhna
bud rían inlenta ag an ól
bud grían inntleachta d'fádódh.
Bud barr anmo da fhine
bud clódh cháigh da n-ainchridhe
bud séla gleóidh do ghíallaib
bud rella eóil d'iamhriaraib
Bud fíorthoirtec gach fiodh úadh
bud soinionta síon adhfhúar
bud súaimnioch tormán na ttonn
bud rúaidhfhliuch orlár eachtrann.
Bud adhnadh goile geimhrid
bud taighleóir tnúidh d'inghenraid
bud cenn síodhchána slúaigh dho
bud fíochnamo bhrúaich Berbha. Beag ...

290

Is truagh mar tá mo cholann chriadh
[RIA 748 (A/ii/5), part B, 30]
Don[n]chadh Mór O Dala[igh] cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach (?)]

As truagh mar ta mo cholann chríadh
gan bhás gan tshonas gan *tsheann

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ceó air mo labhrai(bh) gé do *lionn
diom ní tharla beó acht mo bhéal.

2 Do-chúaidh m'esdeacht uile úaim
gan ceill gan tuigsin a-táim
a-nois do-chuamair ar ccull
gan luith cos na luaghuil lámh.

3 M'fuil is m'feóil d'ímghe uaim
mo threoir go mor[r] is mo bhríogh[a]
ar fhéachain as truaidh mar tám
cuall chnámh arna dheanamh díom.

4 Tuig go mbia a bhochtain gan bhríogh
ad chorpán fhúar[r] ar gach taoibh[a]
re snadhmuibh crúaidhe do chnámh
cúaine ag snámh do dharuibh[r] daoil.

5 Do-chím an feinachas fuair [31]
's gurab í an chríoch[r] tuitim[r] san n-uaigh[a]
ag fullainng gan bhlaidh[r] ga bhríogh
pían do shíor a thruaighain[r] trúaigh. Truaig ...

291

Iúl an gheinealaigh ór gheinis
[RIA 1387 (23/O/78), 90]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Iúl an gheinealuigh or gheinis
do-dhéan duit a dhreach mar fhíon
fearacht sgéal n[ach]ar chleacht cuma
do dhleacht béal an rulla ríogh.

2 An chéadchnú don chrobhuing airdrígh
dar ainm Domhnall a dhreach fhial
tuigthe dhúinn an uair-se oruibh
nar uaisle glúin romhuibh riamh.

3 Teist an athar or fhas Domhnall
Domhnall eile nar éar sgoil
fá rí aca an uair fa dtarla
fuair a mhaca samhla soin.

4 Ruaighrí mac Dubhluing dreach mhiolla
mheic Buadhaigh nachar chreach cléir
fir a ccoimeas clú re chéile
rú roinneas a bhféile féin.

5 Mhic Bearnaird fá mire meanma
meic Muircheartuigh fá mó stair
mhic Dubhluing as cáir 'na ccomhar
urluing áigh níor omhan air.

6 Giolla mo Chuda mór meanmnach
mhic Domhnuill mhóir mhic mic Craith
mhic Buadhaigh fa reacht gach ratha
tearc luaghail na flatha a bhflaith.

Royal Irish Academy, Col. an Tríonóide, TCD

7 Mhic Cathail da ccreiddís Muimhnigh
mheic Aodha nar ionghuibh áth
nír iongnadh reic uabhuir uadha
mheic Buadhuigh do-chuala cách.
8 Mhic Lorcáin do linnedh maingear
mheic S[h]úilleamháin nar shir ró
meic Maoil Ughra dob(h) fial ádhuidh
umhla riamh do dhámhuibh dhó.
9 Mhic Eachaighearn dob ard meanma [91]
mhic Murchaidh nar ghabh ó ghliaidh
mhic Duibh Innreacht ge thiar tharla
lear mhiann imtheacht Banba Briain.
10 Mhic Flainn rodhba ar nach rug Muimhneach
meic Fiachra an ghaisge gruadh réigh
dias do bhaoi a ccumaidh a chéile
dlaoi mhullaigh a bhfréimhe féin.
11 Seachnasach Finghean fuair moladh
mheic Aodha Dhuibh dreach mur ré
mhic Criomhthuin nar clódh o bhearna
sógh iomchuir gach fheadhma é.
12 Meic Féilime urra Muimhneach
mheic Aonghusa nar ob dáimh
mhic Nad Fraoich gan dreim re a dhuasuibh
reim an laoich a ccluasuibh cháigh.
13 Meic Cuirc mhic Luigheach laoch meanmnach [92]
meic Oilill Flann fuair gach cóir
triar ar nar tughadh a dtochar
fiadh Mumhan gan dochar dóibh.
14 Fiacha Muilleathan meic Eoghuin
Oilioll Oluim fa t'folt cas
a cceann Mhogha neartmhair Nuadhadh
cleachtuir dola [a] n-uabhar as.
15 Mogh Neid mhic Deirg na nduas mordha
mheic Deirgthine nar dhiult séd
mheic Éanda gan umhla d'aoinfher
freamha cubhra Ghaoidheal nGreag.
16 Lóch mór mhic Muiredhuigh muchna
nar mhaoidh toirbheart da dtug sé
Eochaidh fear Áine don fhoirinn
fa bráighe ar theagh nOilill é.
17 Duach dalta Deaghuidh dreach mhiolla
meic Cairbre Loisg da lean dé
Lugh Luaighne do adhnadh iorghuil
adhbhar uaimhne a n-iomghuin é.
18 Fionnadmuir na bfhoghadh neimhneach [93]
nia Sedhamuin fá saor ceard
Adamuir foltchaoin fuair ratha
gruaidh go mbogchraoibh dhatha dhearg.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

19 Mheic Fir Chorb *nur choigill maoine
meic Modha Chorb fá caomh ccnis
mic Cobhthuigh Chaoimh nár cháin file
daoibh budh náir gan righe ris.

20 Mheic Rechtadha na ruag maoidhmheach
meic Luighdheach Láidhe as lór tinn
gaol duit a ndechuigh dhon fhoirinn
a mheic Eachuidh meic Oilill Fhinn.

21 Éighre Airt meic Luighdhech Láimhdheirg
nur loc deabhuidh ar díth sluaigh
fir do dheachaidh ar lic Logha
mhic Eachaidh an fhogha fhuair.

22 Mheic Luighdheach iardhuinn fuair meadhuir
meic Eanna Dheirg nur dhiult daimh
mhic Duach Fhinn fá dána a ndeabhuigh
brágha ghill ar thealuigh tTáil.

23 Mheic Eanna ionnarruigh áirmhim
eighre Breas ríogh ó Ráith Té
mhic Airt Imligh oighre Fhéilim
coimdhe imnigh d'Eirinn é.

24 Mheic Rothachtuigh Mhóir mhic Ro-áin
nac rug aontroigh re hucht sloigh
mhic Fáilbhe nar fhill o dheabhuigh
rinn gach airmhe dleaghuir dhóibh.

25 Meic Cais c. (?) chuingnidh cruth mhíolla
mic Aillderg óid nar éar sgoil
mhic Muineamhuin m[e]ic Cais chlothuigh
frais ag reic a sochuir soin.

26 Airer arda nar éar maoine
mhic Rothachtuigh na ruag mear
mhic Rosa mhic Glais na ngormlann
lais dob osa forlann fear.

27 Nuadha deghláimh nár dhiult éigeas
Eochuidh faobharghlais fear gill
féach lat a ccomhghaol 'na ccéimibh
go Conmhaol meic Eimhir Fhinn.

28 Miledh Esbainn an fhuilt bharrluig
bile meic Breoghuin beo an sdair
meic Bratha le nár mhian mionshluagh
fátha riamh ag iomluadh air.

29 Meic Deaghdhatha na ndearc maordha
mhic Arcadha gar an buaidh
mic Allóid m[e]ic Nuadha náirigh
ni huamhuin deit t'áirimh uaidh.

30 Meic Nionuaill fa neimhnech croidhe
dar chleacht toice techt re a linn
nir iomdha einrí 'na n-anghloir
mheic Eibhre[r] mheic Adhnoinn Fhinn.

Roinn na Seanscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

31 Meic Eimhir ghlúinfhinn grádh maighden
mhic Láimhfhinn nar lesg fá shéad
meic Adhnamuin nar éar aoinfher
préamh d'anmannuibh Gaoidheal Gréag.
32 Meic Táit meic Odhamuin uasuil
oighre Beadhamuin barr nocht
mhic Eimhir Sgoit na sgeal n-oirdhirc
do thuit séan a oirbhirt ort.
33 Meic Srú mheic Esrú mhóir mhenmnaigh
mhic Gaoidhil Ghlais nar mheath mionn
mic Niuil fa neamhthais a ndeacruibh
sdiuir do sheanchais leantuir liom.
34 [Meic] Féinius Fársuigh fuair moladh
mhic Baait do chennchadh clú
dias do chleacht re chéile coimes
tearc ar fhéile roinnes rú.
35 Mheic Madhóg fa mire menma
mhic Iaithféth fá hárd gníomh
mhic Naoi or ghein gach glún remhuibh
a súr mar sin dleaghuir dhíom.
36 Mheic Láimhiach nach lámhdeois (?) milidh
meic Matha Saliam sníomh sluaigh
mhic Éanóg fá chuing an chrábhuigh
nur thuill éanfhód admhuim[r] uaidh.
37 Mheic Caidhenáin cread nach maoidhfinn
mhic Éanósa fá húr gné
fear nur aomh umhla re n-iorghuil
craobh chubhra dot fhiodhbhuigh é.
38 Glún deireadh a-deirid seanchuidh
Séth mhac Adhaimh nar ob ruaig
a sé deag ar túr na tánadh
re céad glún go hAdhamh uaidh. Iul ...

292

Lámh dhearg Éireann Í Eathach
[Franciscan Library, A25, 183]
{Maoilsheachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn / Eoghan (an t-Órthóir) Mac Craith}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Lamh dhearg Éiriond Ibh Eathoch
rioghradh gu run cceirtbhrethac[h]
laochraidh na laimhe deircce
caomhthaigh dháimhe dibheirge.
2 Iph Eathach nar ob cogadh
's na haithreacha or fhásodar
fa trom faltanas na bfear
re fond garts[h]olas Gaoidheal.
3 Do chleachtodar riamh roimhe

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

curoidh chloinde Rudhraighe
echto troma o mhoir gu moir
’s gan erco orra d’iarroidh.

4 Do fuilngeadh doibh día dho (an)smacht
milleadh Laighen leim Connacht
lot Mughan mor an cogadh
slogh Uladh nir iocador.

5 Do-chim gur léigiodh leo soin
deargruathar Conoill Cearnoigh
gleo soin far dhenta deinmne
’s na héchta ar Moigh Murtheimhne.

6 Baothreim Uladh don taoibh theas
a-tá ca thruma dimheas
as cath Raithin don taoibh thoir
dá maithim ar-aon d’Ulltaibh.

7 A-ta gleo na Máol Midhe
dar chomhainm cath Gháiridhe
is fala Rossa na Riogh
da ccóra a-nossa a neimbríogh.

8 Cath Bheinde hÉdoir ni fhoil
dar íarmhoracht ar Ulltoibh
troid bheo nar bhaoghloch aghadh
no gleo faobhrach fionnChoradh.

9 Cedlá Chonchabhoir le chloinn
is maicgniomhradh Chon cCuloinn
fola in da mhal muin ar muin
nár fan dola gan dioghoil.

10 Da n-íaradh an fhian Muimhneach
ní do chead a ccomhairleach
ioc a(n) gCoin riaghoilghlic Raoi
no a ngoin fhiamainmhic Fhoraoi.

11 Oilill mac Rosa an ruin ghloin
’s Lughoigh mhac Con Raoi rathmhair
ni lamhoir da leanmain so
acht seanghoimh fhaloidh iompa.

12 Fraoch mhac Fiodhoigh is Fer Diadh
do thoit leó lor do dhimhiadh
da mbeith and árach chogoidh
cland Mhághoch do mharbhado[i]r.

13 D’échtoibh Uladh na n-arm ttais
Oilill Fionn is fian Iorrois
da ccliachthoibh Meadhbh is a meic
dearbh nach iarthoir a n-eruic.

14 Mor saorchland o soin a-le [184]
do thuit leo ar lorg a cheile
tuilleadh ’na cceand nó gu ccuir
fearr gan tuiremh a ttachoir.

15 Dúal d’Íbh Eathach na n-arm ngér

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cosmail gach cu ’s a cuilén
gleó do chur ar gach conair
’s a dhol leo gan leanamhoin.
16 A-tá gaisceadhoch nua [a-]niodh
ag leanmain lorg a shindsior
onab úr an fala críon
do shúgh fhola na n-airdriogh.
17 Mág Aonghoso a n-áois leanoibh
do ghabh grádho gaisgeadhaigh
a chiap ghéugmaoth ó do ghein
fár iar cédlaoch a chinidh.
18 A-ta ar Art an aphra moill
ach nach leis fó(nd)s na feroinn
ágh na ngaisceadhach or ghein
taisdealloch ar ghrádh (in)? gaiscidh.
19 Acht firfer flatho a-noisi
tuigidh mar tá m’fhiaghnoise
is oighreacht na(r) ngniomh ngoile
seinshliocht ríogh ó Rudhraighe.
20 Dan duthoidh na Tri Tondo
’s gach fond da bfoil eatorra
uatha a-dearoir an treas tond
feadhoin o Eas Da Égond.
21 As eadh a-deir gach duine
cuigeadh chloinne Rudhroidhe
ris an ccúigeadh a-tád thall
in cuigeadh fad da bfearann.
22 Do-bhéra no beid a-rís
siol Roigh san riocht a mbéidís
rí Ó nEathoch nar airg chill
deathach in gach aird d’Éirinn.
23 Cuid in gach áird da fhine
in gaoth é le hénbile
a theachto dá ccor chuige
dol ar eachtra is usoide.
24 Ag bregadh Airt a hUltoibh
a-ta cuid do Connachtoibh
do shiol mathoir na Maine
brathoir riogh o Rudhraighe.
25 Dream a Mughoin mhic Dáire
da thoghairm tuar luathgháire
d’fuil na Meadhbo-sa a-moigh Mháoin
is d’fuil Fhearghasa d’éntaoibh.
26 Dream a Laighnibh na learcc ttais
roimhe ’na reltoin eolois
crobhuing is aipche ni fhuil
do mhaicne Conoill Chearnoigh.
27 Mag Aonghaso ar n-eirghe a-mach [185]

Roinn na Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

dar sindsior Conall Cearnoch
ceird Chonallta do-ni a-noir
ar tí foghanta d'Ulltoibh.
28 Gach dioghbhail da ndentaoi a-nonn
da thir no gur thuit Conall
a-nall do-níodh an urdoil
's do bhíodh thall 'ga tteasargoin.
29 Dá mbeith [a-]riamh roimhe soin
fear a aithreaso d'Ulltoiph
Conall is in cairt do ghabh
acht Conall Airt 'na aonar.
30 Gion gu mbeith acht enlamh Airt
a ló catha da ccosuint
gan phudho[i]r do dhénam dhaibh
do-dhénadh Ulaidh d'édráin.
31 Dá sguirdis d'eineach uile
acht congnach chland Rudhraighe
nirbh iongnadh a saoradh sin
le ttiobhradh aonar d'eigsibh.
32 Mac Áodha nar imdhearg neach
idir iocht agas oineach
agas chroidhe ainghidh n-áigh
do thairrngir bile Bearcháin.
33 Cathfoidh ara chliathoibh fi(o)s
do bhiodh ag toigheacht thairis
don eón ghribhe o Ghlionn Ríghe
do-ríne Fionn faisdine.
34 Cuilen láoigheach Locha Cuan
is ris do ráidheadh Ciothruadh
gu ttiocfadh Art d'fhiadh Uladh
'gu mbiadh salt na seanchuradh.
35 Do-roinne Magh Rúith reimhe
d'fhior a anma d'faisdine
gu mbíadh deathach a nDruim Chaoin
d'Íbh Eathach nar thuill tatháoir.
36 An talamh gana thairthibh
'sa tonn gana torchoirthibh
ag tairngire ríogh o Róigh
(a)s síon ainghlidhe ina onóir.
37 Art mhac Aodha cíabh cleachtoch
mhic Airt is é an tairrngertoch
earrla cloidheach do mheall mna
is fearr oineach gach énla. Lámh ...

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

[Deibhí, Dán Díreach]

1 Leanam croinic chlann [n]Dalaig
do réir iúil an annalaig
fada an echtra d'fhein Doire
da lenta a réim ríoghraidhe.

2 Foillseochad féin go núa a-nos
lenadh gach duine a duthchos
lenfaidh me lorg na leabhar
os dom ord e d'fhoillsughadh.

3 A-tá agom re a fhoghloim
senchus f[h]reimhe ríoghDomhnaill
as terc do cléir 'ga ccluine
go cert reim a rioghraidhe.

4 Fios croinici clann [n]Dalaigh [86v]
do réir airmhe an annalaigh
teid geall uaisle don f[h]ir-sin
uaim-si as fhearr an innisin.

5 Do-ghen fein mar dleghar dhamh
comhair Emna riogh rathmhar
mo chuma gan cheim ndoille
rulla seimh na saorchloinne.

6 Os e féin as ferr aithne
do réir iuil ar n-eolaich-ne
aignedh saor nach fúar fuighle
tar Aodh Ruadh ni rachuim-ne.

7 A n-aisneis uaim os ail lais [87r]
sreatha sirbinna senchais
leoman tren gan taom duilghe
d'Aodh do-ghen an ghlanchuimhne.

8 Ag so d'airdchenn a aicme
d'Aodh Ruadh rogha a clannmaicne
da ghruaidh nemhthais nach nar breth
*duan shenchais 'na dan direach.

9 D'Aodh Ruadh do-rad a athair
oidhrecht an fhuinn fíonsgathaigh
do-chuaidh gan choir gan chionta
da thoil d'uaim na hoidhriochta.

10 Ocht mbliadhna fuair-sen go foill [87v]
*rí Conaill cenn an macshloigh
an gheg chaomh os cuan Feabhail
Aodh Ruadh os na righfheraibh.

11 Os crich Chonaill na ccuan tte
se bliadhna do bhi is fiche
slat gloinEamhna gan taom ttais
Aodh oireaghdha mac Maghnais.

12 Acht tri bliadhna do brigh ceirt
ní fhúair acht flaithios foirneirt

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

sreth orbrat n-amlach re a ais
an Calbhach mormac Magnais.

13 A hocht deg do [agu]sa hocht [88r]
fa ri an tuaiscceirt co tothocht
palmghas gan chleathramh ar chloinn
Maghnus drechnar O Domnaill.

14 O Domhnaill Dubh diol sgoile
Aodh fuair geall na gasraidhe
tuatha is cealla a riagail rug
da bliadhain teanna triochud.

15 Conn mac Aodha nar ér sgoil
’s a athair fa *cuinn ccrabaidh
gan ro gan claoinriagail ccaim
aoinbliadhain do mur dhearbhaim.

16 Cethrachad is a trí tra [88v]
Aodh mac Neill gnuis mur ghlanla
cách uadh gan dodraing gan dailbh
O Domhnaill Ruadh a rioghainm.

17 Toirrdealbach Cairbreach cnes slim
cia an tír nach fuair a huirrim
triath fhoid Liamna ’na f[h]laithes
coig bliadhna fa bhuanmhaithes.

18 Domhnall mac Neill Ghairbh gan geis
da bhliadhain go mbuaidh bhflaitheis
nir obthach cliach ar chomhthaibh
triath cogthach os Conollchaibh.

19 Da bhliadhain do bhí a ttreise [89r]
gan aithcheodh san inmhei-se
slat coir cumhraidhe gan choir
Rudhraidhe mac nair Nechtoin.

20 Tri bliadhna deg da dhreich nduinn
i n-airdrighe clann cConuill
cenn slúaigh do chertaigh co Colt
Neachtain nachar cruaidh cumhocht.

21 Secht mbliadhna deg ga ttam ris
leghthar sa Leabhar Oiris
’ga riar gan arm gan fiorolc
do Niall Gharbh sa[n] ghlanrioghocht.

22 Tairther leis a los a gha [89v]
Toirrdhealbach triath an Fhiona
an rí ’na breathaibh nir bhog
a cethair fo tri ar triochat.

23 Tri ocht do fhúair gan fhoghail
Se[a]án cáomhmac Conchobhair
os cloinn Conaill na ccuan tte
crobhaing don tsluagh as saoire.[a]

24 Ceithre bliadhna do bhi i nert
mac Aodha fa hard oirbeart

Roinn na Círeibe, Col. na Tríonóide, TCD

ceann na tíre thúaidh nir thill
an righe go bhfuair Féilim.
Ceithre bliadhna do a-derar [90r]
gan iomroll gan eiliughadh
glanslat na craobhdhos os coill
Aonghus daghmac Uí Dhomhnaill.
Se bliadhna do co ndorchair
'na chodhnach os Conollchaibh
rí gáola da bhfíarslat fiodh
níallmac Aodha san áireamh.
Mac Aodha Moir meic Domhnoill
náoi mblíadhna a hucht anforloinn
tromthoradh thuaidh in gach tigh
fuair Conchobar re a chaithimh.
Do bliadhnaibh triocha tarla [90v]
ina righ gan fhresabhra
sáorshlat comhloinn co móid mhir
Aodhmac Domhnaill Óig airmhigh.
Toirrdealbach Cnuic an Chatha
tri bliadhna deg deghratha
ar cenn Cliach nochar corrach
an triath cenn na cConollach.
Ria tToirdhealbach na ttreas tte
goirther d'Aodh roghairm righe
ar áoi ríaghla do ráidhedh
naoi mbliadhna lea mbuanairemh.
A tri fhiched flaith Daoile [91r]
gan orgain gan éccáoine
nir leig Domhnall Og uile
forlann ar fhód Úghoine.
Deich mbliadhna 'sa háon gan oil
i nglanrighe do Ghofraidh
eg flatha fúair ainm on ár
tre maidhm an chath[a] i cCreadrán.
Re she mbliad[h]an nar beg rath
don craoibh do chin o Dhalach
slat ingenchruinn na ccraobh ccorr
Maol Finnechloinn na fagbhom.
A cethair triochat gan tar [91v]
ina ardfhlaith gan fhorran
gan forlann gan chlódh a ccath
do Domhnall Óg ó Mhurbhach.[a]
Ocht mbliadhna d'Éiccnechan oll
ba deghathair do Dhomhnall
'na righ ar shíol cConaill coir
níor shodhain[r] ríomh a rioghslóigh.
Cuig righ fhiched fuair anair
san aireamh gan athghabháil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

fir do shaor chrúas a creachár
súas ó Aodh go hÉigneachán.
37 Bliadhain ceithre ched as edh [92r]
fod flatha na ccoig coiger
láoich a ttreas nach beirthe a mbarr
na beithre ó Eas Da Égann.
38 Se ched bliadhain gan blodhadh
is míle arna mhédoghadh
se go ngáois deit do dáileadh
aois meic Dé re a dheghairemh.
39 Deich ndeighfir ó Dhomhnall Mór
Domhnall oile na n-árdshlógh
re cur comhlann ar fhód Floinn
Domhnall o ttád Uí Domhnaill.
40 Tri gluine nar er ollomh [92v]
ón Domhnall a-dubhramar
sa re dírigh go Dálach
dob é an milidh mordhalach.
41 Go hairdrigh iarthair dhomhain
tri fir dheg go ndeghroghain
rioghradh badhach na ndúas ndian
súas o Dhálach go deighNíall.
42 Náoi ngluine a n-airemh ar-áon
ó Chonall Gulban glansháor
bas corr dhrechtnat[h]ach dhuanach
Conn Cedchathach cathbhuadhach.*
43 Do thiomain Niall na naoi nglas [243]
mar a-tá ag saoithibh re senchas
go bráth mar chaithes a chlann
flaithes tar chách do Chonall.
44 Ceannus na bfear nar bheg bladh
do bhean Conall e d'Eoghan
laoich gan *ére glia(i)dh gairge
d'Éanna fhial is d'fionnChairbre.
45 Mac Lonain an file Flann
fagbhus barr cáich ag Conall
do-chuaidh geall on ló-sin libh
férr bhar sóisear gach sinnsir.
46 Beannacht Phattruic na bport réidh
tug do Chonall mac mórNeill
dot aignedh mín mer molta
do lean brígh na bennochta.
47 Iomdha naomh is ógh adhnár
iomad-sa fa Adhamhnán
do ghaol le Colu(i)m Cille
a chrobhu(i)ng shaor shenFhinne.
48 File da mhuinntir-sen me [244]
mo phatrún Colu(i)m Cille

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

Clann Chonaill da thaobh toghthar
gaol Choluim re Conallchaibh.
49 A-ta ar ccairdes mur cluine [93r]
re siol cConaill Callruighe
clann nach gabhadh ag Gall[aibh]
rann carad rer chenglamair.
50 Arna elúd a hAth Cliath
fúair a thír ag ioc ainbhfíach
sí futhaibh aga foghail
’s a dhuthaigh fa Danoraibh.
51 Bentor le hAodh deóidh a ndeóidh
umla asda [da] n-aimdheóin
fuair a thír ar a thoil féin
ga brigh a chor ’na chaithréim.
52 Do chuir Goill na ngniomh n-angl[...] [93v]
a tir Conaill chaladhghloin
rí Túama nár thuill corbadh
Goill uadha arna n-ionnorbadh.
53 Fa dhó is fa tri tug-somh soin
creacha troma a tír Eóghain
d’éis cen(n) gach airde d’iarraidh
do bhen airgne a hOirghiallaibh.
54 Acht gáol no rann as leir leam
gur ben d’urmor na hEireann
as láimh claoite an betha báin
ní maoite creacha ó cCatháin.
55 Toirrdhealbach Luineach laoch garg [94r]
i n-engnamh ní fuair fodhard
O Néill go ttnúdh re a thestaibh
ceim ar ccúl do chuiresdair.
56 Ní ní leat-sa a f[h]laith Eirne
crioch Conaill fad choimheirghe
do dhuthaigh féin d’airemh ort
a haireamh gidh ceim cumhocht.
57 Duthaigh Chairbre do cloinn Neill
on cCoilligh (?) chrín go Coirrshléibh
gan duine dhí ret uracht
sí uile fat aonchumhacht.
58 Airgthe as mó do-rinnedh ri[am] [94v]
ar Ghallaibh na ngniomh n-ainbhfial
tug tu uathaibh ar h’aghaidh
o Cruachain cru cConchobhair.
59 Tug fa uisge na hEirne
onfaisi gan aithéirghe
an fiadhaighe ba fearr lúdh
cenn na Brianfhuile an Barún.
60 Do tilleadh libh fa lan seóil
Gaoidhil is Goill da n-aimdheóin

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

tugadh eirghe úaidh órthoibh
rúaigh na hÉirne ar allmorchaibh.
61 Fagbaid uile fa Eas Ruaidh [95r]
a n-ordanas re hanbhúain
fuigfe me a sgela a screaptra
budh he an séla súaithenta.
62 Tearc cuirt (i)na áolcloch oile
nar bris go Bhél Lathoighe
gan chur risin idir ann
briseadh Sligigh na sénam.
63 Baile an M[h]otaigh ga mo port
dan hainm ardiochtar Connocht
ag sin fál orsan an fhuinn
ler cosnamh clár an Choruinn.
64 Edala is braighde an bhaile [95v]
le neart laimhe a laochraidhe
fúair fóir Murbhaigh d'anail aigh
gabhail Turlaigh mhoir Mocháin.
65 Aodh Rúadh ria ccenel Conaill
sluaigh fhuiltecha a héncrobhaing
ag Ath na Ríogh fa rabha
nír dhíon do chách comhladha.
66 D'eis Fhaslongport an bhaile
do chodhnach chuain Toraidhe
magh Aidhne do chreach go cúan
creach na Gaillmhe fa nglansluagh.
67 Tugsat timcheall an bhaile [96r]
édala na hanghaile
lór a shaothraighe d'fhuil Airt
ar nguin laochraidhe an longpuirt.
68 Clann Riocairt thiar agus toir
mar crich Meic Uilliam iochtair
Teallach Eachaidh tar crois cháigh
re cois creachaidh an Chabháin.
69 Do-rinne ga cruaidhe céim
Mac Uilliam d'oidhre Baitéir
tíar gan fheghain da n-amsaibh
ar belaibh na mBurcach-soin.
70 Tig sluagh Gall na ngniomh ndorrdha [96v]
do chosnamh clair rioghConnla
's na garbShagsain fan mín muir
go tír n-armarsaidh nEoghain.
71 Do-níad combáidh druim ar druim
Eoghanaigh is Clann Chonaill
Aodh Ruadh ma-ráon is Ó Néill
a shlúagh re a ttaobh gan toibhéim.
72 Gabhthar leó lathair fedhma
do mhuin aonta is aoinmenma

Roinn Lámhscríbhinní agus Leabharlann Choláiste na Tríonóide, TCD

mó sa mo pían na bpobal
sa ló glíadh do ghabhodar.

73 Rugadh buaidh le clannaibh Cuinn [97r]
ag sin dáoibh críoch a ccomhluinn
an t-Ath Buidhe do briseadh
le cách uile d'áoinclisedh.

74 Ocht ccéd decc a-dorchair ann
d'fhearaibh cosanta cniochtGhall
mairg do íarr iocht na ndáoirfer
fían cniocht os da ccommaoidhemh.

75 Ar gach taobh do lomadh lais
Inis ui Chuinn 's fiadh Forghais
nior ceimlingeadh na curaidh
gur treinmilleadh TúadhMhumhain.

76 Creach aca o Ath Luain[...] [97v]
airghthe leo a Bennaibh Bairne (?)
tug sliabh Eachtgha gan eallach
eachtra chían na cConnallach.

77 La troda an Bhealaigh Bhuidhe
ár Gall ga gleo as faobhraighe
barr ar gach ndubhadhbhrón dáib
a gubharnór ann d'fhagbail.

78 Suidhit bhar slúaigh fan mbaile
bentar leó a lár Culmaine
slat tromtoraidh nar bras mbeóil
O Conchobhair as d'aimdheóin.

79 Ní fhéad cách a chur a s[uim] [98r]
eachta is airgthe clann cConuill
no go ria linn a leabhraibh
ní bía sinn 'ga síorleanmhain.

80 Clann Dalaigh fa O nDomhaill[s]
lucht iomchuir a n-eccomhloinn
daimhealbha nach dóigh do bhúain
'na mbróin doigerdha deghshlúaigh.

81 A-tá um chodhnach cnuic Lighen
lín berna ar nach brisfidher
an tsáorcrobhaing do dhíol dáimh
do shíol caomhChonuill Crúacháin.

82 Síol cConuill ar nach cclos béim [98v]
ní conchlann rioghradh riú-séin
ag deghoirecht ní dú dhe
sealuidheacht rú fan righe.

83 Aodh Rúadh mac Aodha eile
tog a Dhe an flaith fóirglidhe
a ríghe gan ceó cenglais
an t-eó fire flaithemhnais.

84 Croidhe leomhain leis a n-ágh
menma leinbh a mesg macámh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

lán d'foisdine gach re n-am
lámh nach ccoisgfidhe a ccomhlann.
85 Fúair on Righ rogha ndealbha [99r]
egna is treidhe tigerna
aghaidh sholusta ar néimh neoil
go ccéill bforusta bhfireóin.
86 Aodh Rúadh do chuir ar ccúla
foghla meabhla mionrúna
tug 'na thir cert is cotrom
ar tteacht don mhín malachdhonn.
87 Ge a-tá a chumhacht os cenn cháigh
rí Bernais ní fhúair éccáir
ní shir Aodh canaidh gan cert
a máor ge tharraidh treiseacht.
88 Gan ceile ó ta triath Doire [99v]
bas blodhtha arm n-órdoidhe
méirbh trén re taobh a chumhacht
do-ghén d'Aodh ar n-íarccomharc.
89 Ua Sémais go neimh naithreach
croidhe rioghdha rochaithmeach
ní maoidh maith da méd ar fher
gá red nach ccaith a chaithemh.
90 Mac Uí Dhuibhghennán Dubhthach
croinicigh don Chonullchath
re linn dola ar neamh a-nonn
mo-chean go bhfogha [a] anamm.
91 Ó Domhnaill Rúa[i]dh rí Golban [100r]
leughthóir dearbhtha deghughdor
fer do-gheibh geall gach aighne
ag sein ar ccenn comhairle. Leanam ...

294

Leanam siarana síol Néill
[RIA 540 (C/iv/1), 162r]
An fer ceadna cecinit [Goffraidh Mac an Bhaird (160r)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Leanom síarana síol Néill
dírgiom go Cruachain claidhréidh
ar eing chloinne Néill a-nois
fa céim a ccoinde chadhais.
2 Dar gadadh úain an aicme
as a sosdaibh senchairte
nach bfuil acht a séla sin
a muigh Énda ina n-áitibh.
3 Tugadar la toisg imnidh
cúl do Mhacha mhínimligh
sgartoin doibh re magh Midhe

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gar do-chóidh dar gcroidhi-ne.
4 Síth Aodha san bhrugh os Bóinn
dar threigsiod trúagh an tsenmóir
mó a treabluid ’na ndeghaidh dhamh
deghluid re hEmhoin Uladh.
5 An drem lér dhíall gach toice
sínid seachnoin Eoraipe
’na n-áonamhsaibh sonn le seal
ó fhonn ttaobharsaigh tTaillten.
6 Dom *fhiachaid dul ’na ndeghaid[h]
clann Neill mic meic Muired[aigh]
na búidhne ó bhráoinlios na bFíonn
dar chuibhdhe aoibnios Eirionn.
7 Da lorgairibh dísle dhamh [162v]
iarsma Néill na Náoi bForbadh
fán cclár ttonnghlan thúaigh is tes
slúaigh do chongbhadh ar ccairdes.
8 Go s(h)lios Búille an bhrúaigh enguigh
go Crachuinn Áoi an fhinnbhenduigh
lenom séimhfhine náir Néill
sáimh on cceilidhe ar ccoiscéim.
9 Do-ghébham sunda sáoirfher
don fhine is úr craobsgáoileadh
cuisle fa trén um Thailltin
frémha ar ttuirsi tesairgfidh.
10 Ingealtach mhoighe is mara
post córa clíath chosnamha
taisdealach dan cubhaidh cion
gaisgeadach brughaid[h] breitemh.
11 Úa Fiacha mac na flatha
coimsigh coisgios deacracha
breó an mhéine ó Gháirighe gloin
áiridhe ar ccéime um Cruachain.
12 As é Uilliam mac Úaithne
bhrosdus ar mbann cíanlúaithne
don chursa go coigedh sreing
an coigedh ursa d’Éirinn.
13 Fiac[h]a ar Uilliam Ó Máoil Mhúaidh
tar seintír Oilill armrúaidh
planda d’fuil catharrdha Chuinn
do mhuin at[h]arrdha aguinn.
14 Crú don chrobhaing do char sinn
frémh sháor do fhás on fhuirinn
lucht tuaslaicthe Banbha Bregh
gúaismaicne merrdha Míleadh.
15 Caidhe cáor mhion da mhíanach
úaidh súas go Níall Náoighiallach
na ó Níall go Gaoidheal Ghlas

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

na maoidheadh díall re dúthchas.

16 Friochnamh na bfer narbh óna
a menmain mhic Onóra
caidhe dáigh dáonachta as ferr
um Ráith ráonacla Raoilenn.

17 As é as failtighe a n-úair óil
ime as lía lestair dhergóir
ar chomhdáil 'na dhún um dhigh
á múr an donnbháin diligh.

18 Ar na bfriothghoin ag fledhoibh
bíd Goill ina nGáoidhealuibh
'na chúirt dháoinigh muin ar mhuin
is bídh[r] Gaoidhil 'na nGalluibh.

19 Tnúth ni hiongnad[h] re hUilliam
aignedh sesbhach séghuinnfhíal
fresdlaid[h] sé an Gaoideal 's an Gáll
se 's gach áoinfher ni híonann. Leanom ...

20 Mairgrég Clifert croidhe fíal [163r]
imridh re haignedh Uillíam
bainbhertach as a mbím tenn
a ttír airmertach Éirenn.

21 An bhioth guna brechtradh séd
da táobh ni mealltar Mairgrég
ni tar a chaithimh ni c[h]ar
óir do aithin sí an saoghal.

22 Uillíam mar-áon is Mairgrég
da chráoibh do coill úasuilghéig
cupla is cosmhuil do chuimhne
cupla is cobhsaigh comairle. Leanom ...

23 Mag Aongusa is úr buga
's a medh-sa Mac Diarmada
cupla drechach nách dáor cuing
sáor an leathach da lenuim. Leanom ...

295

Leanfad go grinn Clann Cholla
[RIA 540 (C/iv/1), 193r]
Peadur Ua Maoilconaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Leanfad go grinn Clann Cholla
do réir ghluinfhis ghlanrolla
gan chá go gcéill o chroídhe
mur a-ta san réim ríoghraidhe.

2 Uras a lenmhuin gan locht
clann Cholla Úais go n-annsacht
na feinnidh is fromhtha fos
tréinfhir thoghtha go ccádhus.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

3 Os dhamh is dior a lenmhain
clann an Cholla chúilfhionnghlain
inn gach árus tíar is toir
cádhas na gclíar na comhthaigh.

4 Do-bhér aghaidh ar áon díobh
d'úirshliocht Cholla na gcathghníomh
da coimhéd fa réim roimhe
nach foighég d'féin Ughoine.

5 Nochtfad dó-san gan dolaigh
fios a ghlún ghlan gheiniolaigh
da comha gan ghuais gan ghlonn
go Colla Úais ba hardoll.

6 Os dhó-san dhealbhaim mo rainn [193v]
Lucás mordha Mac Dubhghoill
feinnidh is frosaclach d'fuil
céillidh cosantach cubhaidh.

7 Ogán is mórmheasda modh
Lucás forasda fíalmhar
mac Fhéilim go n-aignedh mbúdh
séimhghrinn caidreamh a cháomhrúin.

8 Athair Fhéilim budh hergna
Emonn toghtha an tigherna
fíorbheach ba measamhla mían
d'fírleath gaisamhla[r] Galían.

9 Meic Émoinn mhóir an mhiodhoil
meic Dunadhaigh dídnitheóir[r]
don uile ba séimhe seal
croídhe na dáimhe an deighfher.

10 Meic Dunadhaigh c[h?]áidh gan choir
mhic Colla meic Alasdair
fúair geall as gaisge[adh] gach am
treall ag taisdiol gan tórann.

11 Meic Alasdair mhóir meic Eóin
meic Gill Phedair an phrímheóil
maith na lámha ag dórtad drong
ag sgolta[dh] cnámha is clogann.

12 Meic Donchaidh fa soigheing (?) seal
meic Maoilmuire ba máoinfher
meic Alasdair dóigh do dhul
róimh gan solaistair smúsan.

13 Meic Ailín badh cosccrach cath
meic Toirdhealbaigh na Temhrach
mhic Donchaidh meic Dubhghaill mhóir
tromdhoirn chonfaidh ar *camháis.

14 M[e]ic Ro-oilb meic Ualtair fhéil
mh[e]ic Dubhgaill a quo an cinél
meic Semuis nar chláon a chuing
énfhrais d'áon nachar fhulaing.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

15 Mheic Alasdair an mhaoidhm mhóir
meic Domhnaill meic Eóin armmhóir
meic Aonghais an t-óg fortail
sáordhois (i)s na cóig cumhächtaibh.
16 Mh[e]ic Aonghais Mhóir meic Domhnaill
meic Raghnaill an Rathfhorlainn
meic Somhairle nar chládh cuing
rómhaighre lán o Líathroim.
17 Mh[e]ic Ghille Bhrighde bhúadhaigh
budh maith meas ag marcshlúaghaibh
meic Giolla Adhamnain fhinn
sonadháibh[r] sionna sáoilim.
18 Mh[e]ic Solaimh meic Mhergháoith mhir
meic Suibhne shéimh suilbhir[s]
meic Níallghasa saoi go serc
gnáoi an fhialghusa ag oiriocht.
19 Mh[e]ic Maine na marcshlúagh ttrom
meic Gafradha na ngormlann
meic Fergusa meic Eirc úir
ceilt na selbhusa as saobhrúin.
20 Mh[e]ic Carthain meic Eochaid[h] fhéil
meic Cholla Úais ba hairmghér
meic Eochaid[h] Doimhlén na ndrong
claiththar[r] ba coimhlér cumann.
21 Meic Cairbre Lifiochair láin
mh[e]ic Cormuic meic Airt *iúlmhur
meic Cuinn fa créchtgonach cath
coill fa cedfadhach clúrath.
22 Ní beg leis ar leanus de
Lucás sénmhur ar seisi
do senchus a ghlún go grinn
nemhchas a rún mur ráidhim.
23 Urus a fhaghail gan chol [194r]
an chuid eile [go] hÁdhamh
geiniolach an óigh amhra
geilfiodhach fhóid fhionnBhanba.
24 Uaisle Connacht cenn i gcenn
a-táid go te ’na thiomchioll
’s gaire na Níallach nach náir
a *fhíachach uile is iomlán.
25 Lég lóghmhur don fhine ór fhás
croídhe leómhanta Lucás
sgeallán gan ghruim ar gharta
lennán búidh na bantrochta.
26 Deagua Máoil Mhórdha fortail
meic Suibhne fhéil arachtaigh
craobh thoraidh gan cna an cráobh
róghain gac[ha] mna an macáomh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

27 Ag sin an senchus nach cláon
a meic Fhéilim na n-ardmháor
as an lebhar do léigh mé
gléir (i)s ní meabhal an mhéid-si.
28 Ni lenfam níos sía na sin
láochraidh oirdherc fhuinn Uisnigh
bí go sínid lebhair linn
fínnid don fhedhain fhoiltfhinn.
29 Do Lucás lenfad do shíor
ógmac gan fhúath gan fhairbhríogh
os eision nach ghnath fo ghrod
don treisfher gach trath lenfad. Lenfad ...
30 Leanfad mur as dúal dhamh
Mairghrég deaghgasda Díolmhan
tar mhór mban da mbí 'na gar
a bladh is ní da nochtadh.
31 Ní hiongnadh a beith go beachd
inghen Thomáis go ttreisiocht
in gach dú ní ceilte a cion
teirce ar a clú ní cluinter.
32 A-ta 'na tiomchioll mur so
iarla cáomh Chille Dara
(i)s gach íarla nar fháomh le holc
an ghríanga is cáomh cennsacht.[s]
33 Gomba slan sáoghlach an bhen
san Móinteach cáomh nár cáinedh
's a saormhac gan cáidh 'na chuing
caorghart 'sa bháidh ag Bodhmuinn.
34 Méin a maithrioch lentur lé
Mairghrég máordha go mínghné
ben gan bhéim as maordha modh
aobhdha tré na céill a crábhadh.

296

Leanfaidhear liom lorg na bhfear*
[UCD Add. Irish MS 14 (Mac Firbis), 793]
[date 1601, see last qt]
{Muireadhach/Murchadh Ó Dalaigh}
[Deibhí, Dán Díreach occasionally]

Fitzgerald Geraldines [italic script]

1 Leanfuighther liom lorg na bhfer
clann Gherailt na ngníomh ngaisgidh
ó thangadur i nÉrinn uill
go rangadar Cés Choruinn.
2 Dochum Torna gan chláon ccam
duain tsheanchuis na ríogh romham

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

dúain a ndíaigh dhúaine Thorna
bíaidh uainne go hughdardha.

3 A-táid re tremsi fhada
do nós Lughaidh Lámhfhada
ag glec fá íath Emeir fhinn
mían gach énfhir don fhoirinn.

4 Dá n-áirmhinn íad ré tremsi
an táin laoch-so luaighim(h)-si
ar ghort Cuinn as cobhsaigh crúaidh
puinn ní faghthar dá n-anbhúain.

5 Sáorshliocht Gerailt go líon lann
tangadur trén an tarraing
gan taom time ina ttráigh[s]
i ccúan caomh Cille Manntáin.*

6 Áois Mic Dé go dearbh am chairt
an tan táinic Mac Gerailt
seacht mbliadhna seasgad is céd
is míle nocha móirbhrég.

7 Cosnaid annsin leath ar leath
iath Laighean na learg siobhlach
is iath Midhe na múr nglan
a ndlighe ar ccúl níor cuireadh.

8 Do cosnadh leó a los a lann
Loch Garman is críoch Chúalann
táin tríath nár tubadh a mbladh
go hiath nUladh níor hanadh.

9 A mbreatha ann níorbh usa
thall in ionadh Fheargusa
go ndernad leó dún daingean
an gleó súd níor sáraigheadh.

10 Go hEas Rúaidh tar Erne a-nall
tangadur fá ré[i]m romall
na fir fá garg gluinn goile
’s nárbh ard suim is [s]adhaile.

11 Go Sligeach na sreabh sidhe
tangadar na trénmhíle
do-rónsat ann obair chloch
thall níorbh obair gan úalach.

12 Ro hanadh leo fá mé[i]n gan mheath
ó Corann síos go Sligeach
ag déunam gac daingin dóibh
an mhainnear thrénfhear tromshloigh.

13 Sligeach Baile an Mhota mhóir [794]
Teach na Teampla ní héuccóir
Ard na Ríadh an dún daingen
clíar san múr níor mothuigheadh.

14 Cill Eala na mínmagh nglan
Caislén an Eich go humhal

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Caislén meic Muiris na mbrídh
cuiris leic ar leith esídh.
15 Trí glúine dhíobh díaidh a ndíaigh
i gcrich Chonnacht gan aonchíaigh
go gabháil an Íarla Rúaidh
dáibh fá anáir gan anbhúain.
16 Anmanna na nglún go glan
a-tá linne 'nar leabhar
Giobún Ó Coinín a gcén
is Seaan ó Úa Coilén.
17 Muiris Ua Cinnéde gan choir
Tomas crúaidh Ó Conchabhair
as íad sin ni brég a mbladh
na fir gan éd gan uamhan.
18 An ridire fionn go fíor
Ó Giobún cáomh Ó Conin
Ó Sheaan Ó Choilen *gan chleth
clann tSeaain mhóir na Sursuine.
19 *Am rádh-sin ní rádh brege
ar Mhuiris Ua Chinnéde
úaidh ro chin ní daor a dhreach
an ridire caomh Cíarruighteach.
20 Sliocht Seaain ní hiad nach fhuil
ó Tomás Ó Chonchabhair
triucha na n-aicme aimne
Ciarruighe Chorca Dhuibhne.
21 An toircheas ro radas ruibh
rugadh e ar náoi míosaibh
o (?) Tomas fá tapa i ttreas
mac an apa gan úaigneas.
22 Sé bliadhna triochad go ttroid
diamhair gacha fiocha fuagruid
Geraltaigh Laighen na lann
a-nois 'nar leabhar luaidhfeam
dream nár shaothraigh do cionn cruidh
an laocraigh fhionn a hAlmain.
23 Ag Tomas na n-apa aimmne
chondreagaid(h) cách ré chele
dhá mhac Tomais ba gann ges
Seaan uaim thall is Muiris.*
24 *Seaan bhá sine don cloinn
's narbh fhearr file re faghluim
céd iarla Laighen na lann
daighfhear fa ciallda coingheall.
25 Cédiarla Geraltac glan [795]
mac Tomáis trén na n-apadh
Muiris uaim da ghairm don fhior
nár truaill a ainm ná [a] airemh.*

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

26 Cáoga [’s] dhá bliadhain ní brég
iarlacht aige gan uiréd
is cennus Ereann uile
ag an gcébheann ccúlbhuidhe.
27 An dara hiarla íar sin
Muiris mac Muiris mhenmnaigh
dha bhliadain do bháoi fa bhladh
an riaghail fáoi do fágbadh.
28 Dearbrathair meic Muiris oig
Seaan do ghabh na glanróid
an riaghail ní bréug ach[t] binn
dhá bhliadhain dég a dheighlinn.
29 An treas íarla go fíor sin
nár chaith clíar is do chosain
an ceathramhadh iarla uaim
Geróid an dána dreachrúadh
30 Triocha bliadhain gan bhrég sin
bá diamair a ég d’faicsin
Mac Geroid dearbhtha an dána
Muiris bá trén teangmala
31 An cúigeadh don iarl(a)fhuil fúair
sé bliadhna dho gan diomb(h)úaidh.
gan diamair a Dhé fá bhladh
dhá bhliadhain é ina iarla.
32 An sesedh iarla an fhóid
Seaan Siuiré mac Gearóid
Tomás uaim gan chás do chuir
no go bfuair bás i bFrancuibh.
33 Ocht mbliadna is dá dheich dhuibh
gach cleth mur iarla oruibh
an treas mac do Geróid ghlan
Semus an aignigh uasail.
34 Tri blíadna búana nach bocht
is dá bhliadain san iarlacht
ba he an t-octmadh iarla
na bport nglan gcruthniamdha.
35 Dilecht an daonnacht día és
do Thomás ná bú coimhés
cisde na féle an fear-sin
misde Ére a uireasbaidh.
36 Annso dheaghlaid leath ar leath
gasraidh dheghmhíleata Dhésioch
re teach na nGeraltac nglan
’s na bfer neamhobtach narach.
37 Tomás Dhroichid Atha óig [796]
mac maith Seaain meic Gearóid
re chúig bliadhnaibh do bháoi sin
go ngnáoi fá riaghail ratmuir

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bá he sin an naomadh iarla
an áolbhrugh bá bláth niamhdha.
38 Sémus ratha ghaola glais
mac Tomáis trénmeic Semais
an deacmadh iarla an fhuinn
nár sheachain cliatha comhluinn
náoi mblíadna deg dearbtha dho
go a ég derbhta an chara.
39 Trí bliadhna is triochad is tuig
do Mhuirris calma an charuid
an iarla ar fhonn [a] athar
gríangha nach lom leanachadh
an t-áonmadh iarla dég dhamh
don tréd fá niamdha toradh.
40 An dara dég dearbtha duibh
Sémus mac Muiris bhacuigh
do chaith go ngnáoi iarla air
náoi mbliadhna is dá bhliadhain.
41 Clann tSemuis fá mórrdha mén
mac Gearóid an dána dreachréid
Tomás Dhroichid Atha dhe
is Geróid glan na nDése.
42 Cúig bliadhna fós mur gach fear
a-tá aguinn ré áireamh
don chaithriogh dar chláon gach coll
da ngortáoi Maol na Madhmann.
43 An treas iarla dég dealbhghlan
níor ghabh go a écc ionnarbadh
mac an Mhaoil bá trén i ttreas
Muiris muirnín na n-égeas.
44 Sé bliadhna do bi a smacht
iarla gan chláoi ar a dháonnacht
mac meic an Mháoil cía nach cluin
Sémus mac Muiris mhenmnaigh.
45 An caoimhrí do cháigh a gcacht
aonmhí a-mháin i n-iarlacht
Clann bhasdaird an Mháoil nar mhall
inneosad dáoibh a n-anmann.
46 Seaan éleach an fhoid fhúair
is Geróid na bfedhleach bfíorcruaidh
Clann Tomáis an Droichid de
inneósat dáoibh gan doilge
Sémus rátha gaola gloin
is Muiris an charbuid chlíaruigh
47 Tomás Máol na madhmann mór [797]
seanGeróid na nglanghlor
rob íad an cúiger go grinn
ní fhuigeam íad mur admhuim

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

48 Tomás Droichid Atha an fear
dar chlann an cheathrar cnisgheal
iarla ainm gach fir don druing
a ngairm mur sin ní sheachnuim.
49 An cúigeadh mac do Thomás thrén
go Brúach Brighde do-chúaidh-sén
Geróid agá ainm cosmail (?)
fód dá ghairm ón ghlanghasruigh.
50 Sliocht Geroid Óig maoidhfe me
a-muich fa Bruach Brighde
fir sin is dían i ndeabaidh
fir is fíal ré fileadhaibh.
51 Mac maith Tomáis Seaan sáor
sa tríar derbratar dealbhcháomh
ro ghabhsat íarlacht Áine
an ghríanghort ar ghlanáille.
52 An Sean-so ni fann fúair
se bliadhna do gan diomb(h)úaidh
ag tríath an fhóid gríanaigh ghloin
fá riaghail ar chóig cánuibh.
53 Ocht mbliadhna deg fá shealbh sháimh
do bhí Seaa(i)n mac Seaain
an[a] iarla ar Eas Máighe
griangha mur theas teannáille.
54 Cóig bliadhna fithcead fíor dhamh
do Ghearoid i n-áit a athar
fer fethmheach gan feall 'na ghar
lethbreath 'na chenn nír cuireadh.
55 Seacht mbliadhna dég iarsin sluinn
sinn gan áon iarla ag(h)uinn
acht an leanb at-tá sa túr
a shearg dom chrá(dh) 's dom chláochlugh.
56 Ní bfhuil sa tír acht trén Gall
an feadh-sin fada an fulang
am cuire dho mhín Mumhan
a ttír uile ar athrughadh.
57 Tig chugainn d'fechuin an fhóid
Séumus gea[n]mnach mac Gearóid
do thoil Dé 'sa phrionnsa fé[i]n
sé dar lium-sa bá lánréidh.
58 Do chaith bliadhain bheg a-mháin
mac meic Semuis meic Seaain
ní cumthar úaidh mur do dhligh
i Londain fúair a oighidh.
59 Ni fheadar fén fós gá bfuil [798]
áondhuine dhíobh 'na bheathaigh
ara ttiubhrainn iarla ann
do réir riaghla romham.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

60 Semus soirbh mac Tomas rúaidh
do ghabh iarlacht le hanúaill
da bhliadhain go leth nár lag
an riaghail 'na leth do légeadh.
61 O nach fhuair toil an phrionnsa
beth 'na iarla agam-sa
ní airbhím é thíar na thoir
acht mur nach bíadh 'na bheathaigh.
62 Don iarlacht ann nochan fhuil
acht triar a-mháin ar marthain
Muiris don Sbáin síar tar muir
Seumus i láimh i Londain.
63 Lorg na bfear do leanadh linn
ó tangadar i nÉrind
as ord gach eoluigh do chin
gach lorg leo go leanfuidh.
64 Míle bliadhain sé chéd cain
is bliadhain bheag do blíadhnaibh
áois Meic De go dearbh um chairt
gan fherg man ré do iarrais.ra Leanfuighthear ...

[RIA 247 (24 M 6), 211]
[qts 2-6 below = *Leanfaidhear liom lorg na bhfear* qts 16-20]

Ag so do shliocht chSeáin mheic Muiris meic Tomáis meic Muiris meic Gerailt mhóir ré ráidhter Seán Calluinne .i. Muiris mac Seáin lena mhnaoi phósda ó bfhuilid uaisle Geraltach, Muiris eile le mnaoi Í Chinnéide, et as uaidh sin táinag(h) an ridire Ciarruíghech, Giobún le mnaoi Í Choinín, et as ara shliocht táinig(h) an ridire Fionn, et clann Ghiobúin Áird na Sgiath et na Coille Móire.
Seán mór na Sursainge le mnaoi Í Choileáin, et as ara shliocht táinig(h) tigherna na Claonghlaisi, Ridire an Ghleanna, et Geraltaigh Phobail na Sgeach, et Tomás lé mnaoi Í Chonchubhair, et as uaidh atá sliocht Seághain Chiarruíghidh, et Geraltaig na nDuíbhneach uile.
Gonadh air an ccethrar cloinne sin Seáin Challuinne a-dubhairt Dómhnall mac Dáire Mheic Bruaidedha na rainn-si.

1 Do cuiredh cethrar cloinne
go Seán caomhghlan Calloinne
fir luatha nár lomm le camm
as uatha an drong a-déaram.
2 Anmona an chethrair cain
a-táid linne inar leabhraibh
Giobún Ua Choinín a ccéin
is Sean mór Ua Cuiléin.
3 Muiris Ua Chinnéide gan choir
Tomás cruaidh Ó Chonchubhoir
as iad sin ní bréag an bladh
na fir gan éad gan uamhan.

Roinn na Gaeilge, Coll. na Tríonóide, TCD

4 An Ridire Fionn go fíor
ó Ghiobún chaomh ó Choinín
ó chSeághan Ó Choileain ghlan ghlé
gerr bhus ésga uirbernach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

beg dod chlú an chuid as lugha
as duit as dú Desmhumha. Maircc ...

307

Mairg a-tá an uair-se gan Aodh
[RIA 5 (23/D/4), 112]
An fear ceadna [.i. Feaghal Óg] cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Mairg a-tá an uair-si gan Aodh
do ládh an uaisle fa úir
o nách bés dréachta do dhíol
sníomh ar ngréas ní déanta dhuinn.
2 Feidm an tan-sa ar thríath ó nÍr [113]
falamh gach clíar o do-chuaidh
iúl na Fódla ní feas dáibh
fogra ar gach ndáimh teas is tuai[dh].
3 Da n-(d)imghiodh duine re dán
fa chiniodh do chuire ríogh
do bhiadh croch reimhe ar gach raon
och gan Aodh Doire dhar ndíon.
4 Tearc aonsgol re dán do dheilbh
le a bhás do m[a]oladh ar moirn
an tráth fá ttéarnó tuir Cairn
do mhuigh maidm a n-aonló oirn.
5 Truagh a suidhe síar mar súd
ar uillibh triath nocha ttíad
tre aonduine mun-uar dh'ég
tréd shluagh gan aodhuire iad.
6 Tré Aodh Mag Aonghusa a n-úir
bláth na daonachta do dhíon
teasda an sgol uile mun-uar
nach truagh cor gach nduine *dhionn.
7 Neamhágh ar mo dhán 'na dhiaigh
mo leandán an lá do-chuaidh
do sgaradh me rém linn lúidh
mé fa úir 's gan inn a n-uaidh.
8 Dol a ccaidriobh rúin mo ríogh [114]
ní duinn nach aithreach mun-uar
reacht líom mo chonnmháil rem chrádh
dob fearr gan grádh d'fhagháil uadh.
9 Uch nach obadh fuarus uaidh
dursan mar fuarus tre aoibh
sgoth a bleidhiodh 'sa bhrat sróill
slat nár thóir ar neimheadh naoimh.
10 Uchán och a bhfaghail uadh
sgoth a roghráidh is a rún
dob fearr mo chor uadh um fhíon

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

guala mo riogh do dhol dúnn.

11 Mairg dhuinn ar ar dailiodh iad
mairg dar dailiodh dlus a phóg
tus a thoirbheirt togha a séd
is rogha a stéd n-oirdheirc n-óg.

12 Ar mo bhreith do bheidís uaidh
dá mbeidís ar a bhreith féin
Mag Aongusa mortha gráid
comhtha cláir caomhRosa is Céin.

13 Tug do dhraoithibh díol nar dhligh
ní bhíodh gan aoidheadh *an fhail
ua Conaill rér théig[h] mo thoil
béim ag sgoil ní fhaghaim air. Mairg ...

308

Mairg clann do chroch a nAthair
[RIA 8 (24/L/6), 53]
Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith cecinit.
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Mairg clann do chroch a nAthair
mairg thall ar ttocht an Bhreithimh
tugsad neamh ar ní dhúthain
Rí(gh) a ccruthaibh fer ['g]a bhfeithimh.

2 Ní gar damh díol a chneidhe
's ná bíodh acht 'na mhac Muire
do ghoin sé caomh an croidhe
goire gao(i)l Dé don duine.

3 Grás Chríost tar mheas na meidhe [54]
dár ndíon lé teas na taile
ar ghaoibh cró na ccnedh ccroidhe
ró na toile ár bhfer faire.

4 Crann lér saoradh síol Ebha
ó dhaorbhruid an Rígh ríoghdha
rug ón cheart coill na cána
dána neart chrainn an chíogha.

5 Leanbh Mhuire an mac céillidh
mac an duine 'sa[n] Dúilimh
dob fhiú mar leanbh é (d)ar-íribh
gur mhínig[h] ferg Dé dúilig[h].

6 Goin a ghlac (i)'s goin a chroidhe
bíoth gur chuir ar mac Muire
feidhm as mó é ara aire
ró toile Dé don duine.

7 Meisde ár ccríoch ar ccert d'fagháil
fár-íor ar tteacht an tionóil
mac Dé mar ghaol dár ngabháil
rónár mé go daor deróil.[r]

Roinn na Céilge, Col. na Tríonóide, TCD

8 Mac óighe ré[idhe] a rónear̲t
glóir̲e don tréidhe a thoigheac̲ht
do bhronn sé ar̲ aoi[r] ’na úghac̲ht
cumhac̲ht Dé ag díon[r] ár̲ dóibher̲t.

9 Mar̲g do bhris aithne an eolaigh̲
trér caithedh̲ ris do ruinneimh
ní a saor sé i ndíoghuil[s]
braon do ríoghfhuil Dé dúiligh̲.

10 Gé adhraim̲ é óm chroidhe
’s mé san abhluinn̲ dá fhair̲e
ní fiú mé an mac̲-sin Muire
d’faicsin uile is é ar̲ mh’air̲e.

11 Rí(gh) na cr̲uinn̲e gan chúghnamh̲
do-ní an uile gan ádhbhar̲
gé rug sé buaidh a bhíodhbhadh̲
dob iongnadh [é] a ttr̲uaill thalmhan.

12 Gabh[ais] daonnacht̲ lé dile
(a) *aoinmheic Atha(i)r̲ na n-uile
fuair̲ sí neamhnár̲[r] dá fine[a]
Rí(gh) neimhe a meadhán[r] Mhuir̲e.

13 Fiú an crádh san chrois d[o] f[h]uilngis
an-nois nac̲h tr̲ath a ttormuis
fiú ribh an chlann̲ do cheannchais
bárr serbhuis ar̲ dhig ndombluis.

14 [A] (m)áthair̲ an uain diadha [55]
gabhadh uaidh gan ár̲ n-éara
ráinig(h) díol cóir̲ ad chána
brágha ríogh d’foir̲ Ebha.

15 Tú ag gol san gharrdha a Dhúilimh
ré ndol san bherrna bhaoghail
nigh sinn̲ lé deoir̲ dod dhéaraibh
féachaidh inn̲ d’f[h]eoil is d’aonfhuil.

16 Sámh linn̲ do dhealbhais dúile
’s do cheannchais inn̲ san Aoine
gé taoi ad h’aon a n-aoibh glóir̲e
gaol Óighe d[ao]íbh *os daoine.

17 Do chur-sa ar̲ chrann̲ an crúgha
dar̲ leam dob usa an éar̲a
tú as duille ar̲ chrann̲[r] an chíogha
dom̲ dhíona(dh) an uile t’aobha. (?)

18 Glóir dhuit a Choimdhe an chiníl
trém̲ bhr̲eith ó dhoirche an duibheoil
teacht̲ ad rígh[e] a riocht̲ aráin
fuláir sídhe d’fiort is t’fuilfheoil.

19 Lé tart̲ tinnis na hAoine
do-rinis an reacht̲ nuaidhe
do thart̲ a thriath na glóire
lacht̲ óighe ’na fhiach uainne.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

20 Fiú do neart a ttruaill talmhan
do theacht ón uaigh ní hiongnadh
do thoil féin *libh do-ri[gh]nedh
gur tinnbhedh sibh *d'aoin fhionghal.
21 Do bhí a nglár uile ad h'aghaidh
acht Muire a-mháin rér ccabhair
gidh Rí(gh) sibh ar seacht neimhibh
neart cine[idh] libh níor labhair.
22 Na leic láthair a ttáire
a Mhic na máthar búidhe
mar do bhí ré béal tuaidhe
féach lé trua[i]gh[e] dhí duinne.
23 Ceart do cheannchais gach duine
's do dhearbhais teas na toile
ferr an ghras mur *chur an chroidhe
d'fine a-niú a ccás a ccoire.
24 A Mh[e]ic mhórdha mo sheath[a]r(a)
tréd reic budh córa ár ccrochadh
dar leat is truagh an tachar
Mac th'athar uaim (a)n[a] othar.
25 Mac Dé lé róthoil róbhúidh [56]
sé ar [a] athair dom fholáir
do shaor sé ár ccoir fán ccoroinn
d'onóir Dé a ghoin 'sa ghabháil.
26 Ar mhionghoire as í as urra[dh]
[i]s í miorbhuile ár mainnear
forus é ar ghras gan grinnio(l)l
cinniodh ar bhás Dé ár ndaingion.
27 Dár bhfeithiomh a cclí chéillidh
do bhí ag teithedh tré *dhaoinibh
mac Dé do dhíol a ccána[idh]
do shíol Ádhaimh é (d)áir-íribh.
28 Bíth gurbh é a mhían a maithiomh
's gan mé riamh ara róthoil
gan díol ní dual go ráchad[h]
cíoch mh'áthar uaim an othar.
29 Fiú Muire mhór do mhiotal
clódh na cruinne as a bpeacadh
breith a-niú ar Dhia ní doc(h)ar
fiú an focal ria do reacadh.
30 Solus gan truaill gan tuirsi
fuair lé sonus na sainnsi
ós é a chorp ár ccrann soillsi
dall don chlainn-si a ttocht tairsi.
31 Ní socht sámh acht socht nimhe
a socht lé crádh a croidhe
lór dá mheas Dia 'na dhuine
ceas Mhuire ara lia loidhe.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

32 Fiú an Mac ón mór a thiodal
nár mheas an Ógh a obadh
Mac Dé bá rí(gh) sul rugadh
tugadh é a cclí lé cogar.

33 Sealbh 'gár siair a[r] dhaoinibh[s]
mar tár[r] a leanbh 'na lia[i]gh cheillidh
tearc duine dhíobh nár shlánaigh
síol Ádhaimh uile d'éindig.

34 Bú[dh] serbh lá an Luain a aighneas
leanbh lé clár cruaidh do cheanglus
's guais é fár ibh don domblás
as-tig chongbhus Sé an serbhus.

35 An Mac-so rug Rí(gh) a cruthaibh
is tug a clí dá chathair
do ghlac an ghlóir 'na fhochair
mac sochair d'óigh a hatha[i]r.

36 Níorbh fiú Ebha iná an abhall [57]
a chrú ag téarnamh na torann
mó as daor an díol san ubhall
caol cumhang mo Ríogh r(e)omham.

37 Sé ár ngeall ré cosg ár mbíodhbha(dh)[a]
sé as post 's as cend dár ccoimdhe
feárrde an Ógh uainn mur aighne
clódh ár n-ainbhe uair d'oighre.

38 Go ngáirionn gréacha nimhe
go ndáilionn déara a chroidhe
truagh gan mé ara lia luíghe
Dia is duine é dom fhine. Mairg ...

309

Mairg danab oighreacht Éire
[O'Conor Don, 128b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Mairg danab oíghrecht Éire
mor an t-ádhbur aithmhéile
tar cenn coma no caithmhe
dola a ccenn a cciúnaighthe.

2 A-táid da chás ina cionn
gi bé is óigre ar íath nÉirionn
nár muna thoibhghe a treisi
doilge lámh fá a leighis-si.

3 D'éis gach cuir dár cuiredh dhi
ní husaid(h)e da hóighre
táth re cheile da a cennuibh
Éire ag cách 'na cuibhrennuibh.

4 Gibé dhíbh is deimhin liom
as ferr cert ar íath nEirionn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

go ccuire a crúaidh leisin ccert
ní fhuighi(dh) úain dá hoigreacht.
5 Gan ghúasacht ní gabhtur nert
féchadh gach áon a oirbhert
táth na hoigreachta madh áil
is tráth oirberta d'admháil.
6 Críoch Eirionn an fhuinn ealuidh
do fhúaraigh fa hóighredhuibh
deghoirbert is dúal da díon
senoigreacht fhúar na n-airdríogh.
7 Gidh edh fós ní fuláir linn
go bfuil d'áiridhe ag Eirinn
a inntinn ní fhóighbhe acht di
oigre asab inteinn Éire.
8 Do thuig Banba ben Da Thí
'ga thogha gurb é Énri
a hoigre-si an tí do thogh
rí as coimdheisi ar a cosnamh.
9 Ní fulair ar bfás a gníomh
go bfuighe onóir airdríogh
do tog Banba agus é a n-ucht
in té tarla da tochmarc.
10 Entréidhe d'uireasbhaidh air
ma tá dhíobh arna dhechain
na tréidhe as a ttaghthar tí
na damhthar Éire d'Enrí.
11 Cennus Temhra na ttri bfer
ós ag tuiremh a threidheadh
da ndech sé ar uaisle énar [129a]
fúair-se an té do toigéradh.
12 Más é a eineach nó a aithne
lenfus lucht a bhrethnaighthe
Eire ní búdh fuláir dhí
a faghail d'fhéile Énri.
13 Damadh air budh áil a gheall
gár beg dhó d'fhaghail Éireann
ar nderbhadh a ghniom ngoile
egnamh ríogh an [Fh]ráochmuighe.
14 Ní fhuigheadh is é ar a thí
ádhbhar éilighthe ar Énri
a bhreithemh da mbeith gan fhios
ag feithemh na mbreth bheirios.
15 An t-aighnes-sin is (s)é a shuim
fada ó do-rinneadh romhainn
ar ttoghai-ne go ttí as
Conaire an tí da ttarras.
16 Tainic go tech na togha
mur bhios gach ben áontuma

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

an F[h]odla agus í gan rígh
rí da fhobra in gach eintír.
17 Ní raibhe d'úaislibh bfear bFáil
*ar ccruinniughadh don comhdháil
18 Conaire fa céim dána
a ccoinne na comhdhála
do-chúaidh mar gach ndamhna dhíobh
dár smúain ádhbha na n-airdríogh.
19 Ríoghraidh Eirionn d'fhios a mbreath
do-chúadur ar leic Luighdheach
nír labhair an lec ré a linn
's do reac 'na n-aghuidh Éirinn.
20 An leac nár labhair roime
do léig ré linn cConaire
an bhanfháidh fa thrí a tennghuth
nírbh i an anáir oibernach.
21 Do ráidhsiod rioghruidh Fhód(h)la
ris a n-áit a fhurfhógra
"tú don mhnáoi-si ní medh linn
ní dú fer th'áoisi ós Eirinn."
22 An bhreth nach rug-si roime
do chansad ré Conaire
bheith ag dámhna úaibhrech óg
núaibhreath don Banbha an breath-ód.
23 "Ar mh'óige mas edh bhúdh áil
gan núachor Eirionn d'faghail
óige nach airigh a gníomh
ní móide is ainimh airdríogh."
24 "Ag sin mo cumthach a ccath
mac Cécht is Conall Cernach
bíodh ar nderbhadh 'gun da dreim
in díol mh'engnamh ar Éireinn."
25 "O táid bhar n-eigis uile
san comhdháil-si" ar Conaire
"bíodh ar shíol nGáoidheal na nglas [129b]
dhíobh an t-áoinfer do éras."
26 "Ag sin breithemhuin Bhanbha
aguib a n-ait agallmha
bíoth a slán uile fam eol
gach duine lén hál m'aithcheódh."
27 "Ma tá uireasbaidh oram
cuid eile dom uraghall
slat sheilbhe na bíoth im bois
do dhíoth deilbhe na dúthchuis."
28 Do-chúadur dráoithe bfher bFáil
'sa n-eólaigh (?) uile d'énláimh
ar sgath na sgél a-dubairt
gur shén cách a cconntabhairt.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

29 Da ríoghadh a raith Da Thí
fir Eirionn *sa t-airdrí
do fhúaigh ré chéile an chora
go bhfúair Éire a hénrogha.
30 Da cur san riocht a raibhe
Éire a n-aimsir Chonaire
mar as é ar roghai-ne in rí
a Conaire is é Énrí.
31 Tairthi Conaire ar a chionn
braithim gi bé nach ttuigionn
adhbhar sgáoilti ar a sgéluibh
fáoilti an talmhan toigébaidh.
32 An fhailte a-táid do thabhairt
in fairrge 's an fiormameint
do nocht niamglaisi na nell
fiaghnuisi ort an t-ai-ér.
33 A-táid ag togha do ghniom
ga bheg d'foillsiughadh airdríogh
iúl dhúin-[n]e ar do thogha tug
na dúile is cora charad.
34 Na derbtha ar a nderbhtur rí
munab áil íad a Enrí
ar do trén ní tráth smachta
fégh ar chách do chumhachta.
35 An cáoinius nách ccaiter ruibh
ná caith riú a mheic mic Eoghain
no co ttí chách ar creidimh
bí gan áth ar t'fhoighidin.
36 Tabhair ar chách a radh ribh
suil sguire d'Éirinn d'arguin
Eirionnaigh is mairg do mhill
airg 'na heinenguibh Eirinn.
37 Tabhair ar Eirinn uile
leighius eich na heachmhuidhe
creach gach tír loisgter gach lios
dhíbh go ccoisgter a ccoimios.
38 A ccoimeas ar chách uile
go metha a mhic Gormluidhe
gidh íad fhuil Neill is nesa
cuir a ccéin ón choimeas-[s]a
39 Gé tá fós ag féchain dóibh
tuigim go ccuirfe a ccedóir
ós ris féin roinnius in rí [130a]
coimes Ó Neill ar neimhthní.
40 Go mbíadh ar chlú os a chionn
nó ar chosnamh chennuis Eirionn
dobad béim lé hEnrí óg
enri d'Íbh Neill a-nallód.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

41 A comáoin do chuir an ri
ar gach fuil ór fhás Enrí
do oirrdhercaigh féin gach fuil
Ó Neill goirmhdercaigh Glúnduibh.
42 Eóghan Táighleac air t'fhíaghuin
Eóghan mac Neill Naoighiallaigh
da seóladh gach ní do-ní
rí on dá Eogan Énri.
43 Do ibh ga huaisle míanach
Catháoir is Niall Náoighiallach
treisi as a ngniomuibh 'na ghníomh
fíonfhuil na deisi deighríogh.
44 Ionad ríogh ar ttecht do thigh
ionad buanna ar bernghaisgidh
sé d'úaislibh Ó Neill do-ní
da cheim do uaisligh Énri.
45 Muna derbha is deimhin lióm
ar chách fa chennus Eirionn
a oirbhert i ngach aird di
mairg danab oighrecht Éire. Maircc ...

310

Mairg fríoth le furtacht Éireann
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 195, second copy]
[Deibhí, Dán Díreach]
[date 1652, qt 70]

1 Maircc fríth le furtacht Éiri[o]nn
tír bháoghail na mborbchéimeann
mairg do thathaig[h] í asa holc
sí lé hathaidh gan fhurtocht.
2 Mairg fríoth le furtacht an fhuinn
crioch Bhanbha in bhean-sin ríChuinn
'sa líacht [e]asláinte a ndán di
clár easrainte na húaisle.
3 Iomdha cath(a) is céim dochair [196]
frioth *lé lucht a handochail
ní díol cábhra an chrioch-se Bhredh
(i)san tír-sin Bhanbha is búaidhreadh.
4 Críoch Fhód(h)la na bhfoithredh bfhionn
ní fiú í ar thuit 'na tímchioll
robheag feasda a sáoire soin
dá measda dáoine as dúthaigh.
5 Cinel Eóghain Mhóir mheic Neill
do thuit timchioll an oiléin
fir natharrdha le gníomh goill
is síol ccatarrd[h]a cConoill.
6 Iomdha do dhronguibh dhíobh soin

Royal Irish Academy, Cnuasach na Tríonóide, TCD

an Bhríanfhuil as clann Charrtoidh
(a)s clann Rúghraidhe thúaidh nár thím
fúair u(u)rlaidhe fá Éirinn.
7 ’S d’aicme Bhríain Mhóir meic Each(th)ach
fir na madhmann morcreachach
mór rolla ar ríomh a sáoirbeart
siol cColla ’san Catháoirshliocht.
8 Do-chódar fa seach mar sin
sliocht crodha Cholmáin righmhidh
an aicme d’fóir near[t]mha(i)r Néill
*an slóigh réar cleachtadh caithréim(h).
9 Fada a-táid a sleachta soin
tíomchioll cúig céad do bhlíadhn(d)oibh
dá mbuing san ccrích-si as á ccairt
’s Góill fa[n] tír-si da ttrasgairt.
10 O dhul Uí Neill tar sál soir
’s Uí Dhomhnuill mhuighe Murbhoidh
ní mor ágh áoinfhir dár bhfonn
Gáoidhil do ládh fá leatrom.
11 Níor gabhadar Goill uatha
a ccúanta éisg ’s a n-iolthuatha
gan bheith fa ccreideamh dhá gcrim
nár leigadh ’na *loith luaghill.
12 Uícont íarla na oíghre
ní goirthí a ngairm chomhoirle
drong ghréasmhoch ngníomh gan laoidhedh
do shíol seasmhoch seanGhaoidheal.
13 Gan taghall da tteampoll sin
ní léigthi leaghthóir dlighidh
gé gurbh éugóir an dáil de
fa eadáil chlair na cuirte.
14 Do bhí síad dá sníomh a bhfad
ceithre bliadhna trí ar thriochad
fá trúagh dála a ndedhclann sin
fa leatrom córa is *creidigh.
15 Drong(a) éigin d’Éirinn budh-dhéin
do-ríghnedh ar ró sduidéir
dus cía do bháithfedh a mbrón
no cía dá ndáilfedh Día a dhedhlógh.[s]
16 Do dheachadar cía dhíobh soin
d’fhuil Ír no Eimhir eachtoidh
le gníomhgoil budh dóigh *deadháin
no *d’fhuil [fh]íorghlain Eiremáin.
17 Gach neach dar nocht a fhuighle
níor sguir a gcás comhuirle
*eine shlad[h]réidh go ngniomh ttrod
air síol daghNéill go nder[n]satt.
18 Le cogadh cía budh urra

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

do fheachadar ettarra
’s ní fríth leó fear go Féi(dh)lim
do fher gleó(dh) fa gháoilÉirinn.
19 Do chur chogaidh crúaidh an snáidhm
do bhí a chreideamh dá comghairm
fear do dioghail crádh na gceall
’sa gradh d’fhíorfhuil na hÉreann.
20 Dibirt easbog is ord mbocht
nír éisd sé día do dhuthrocht
gan dórtadh a chrú fán ccléir
lé mollt[a]r clú Ó ccat[h]Néill.
21 Ré n-éistteacht d’Feidhlim Ó Néill
do ghóill a ngerán air-séin
an dreaghain-si do chaith dá cceann[s]
sgaith egaillsi na hÉreann.
22 Dus an mbíadh cabhair a ndán di(th)[s]
do fhéach othrais na *críthi
tug Féidhlim is dáil deimhin
lámh fá Erinn d’fhóirighin.
23 Níor chás leis connt[a]r a chuirp
Sir Féidhlim na n-éacht n-órrdhruic
ar mhodh na nGáo(i)lphór ór ghin
gan dol for chláo(i)chlodh creidimh.
24 Do togadh le hucht n-anfa
air bhorrfadh f[h]er n-allmharrdha
’s ar fhógra a réimheas dá fhréimh
do leighios Fhódla *Eireinn.
25 Do-chóidh gan árm gan (ph)úghdar
a n-aghaidh fhían ríghLundan
fear dagháigh gan úidh ar olc
do *dhul lé gabháil Gallport.
26 Tug *graidháil gan guin duini
na marbhadh acht machaire
úaithni áigh go n-ardbhladh air
’s gan airgain báin no bothair.
27 Fáth asa (a) ndearna(dh) sé sin
air cháoi onóra is chreidimh
’s dó ródhóigh coir a ccealla[i]bh
d’fhaghail don fhóir Ereannoigh.
28 Do taisbénadh ’na thráth féin [197]
do chuir Feidhlim ó fraisNéill
da chaomhfhuil do cheang(h)ail di
earradh áonuidh a n-uaisli.
29 Culaidh crodherg fa a gnúis ghloin
do cuir sé lé seól cogoidh
é dob fhearr air dul ’na dháil
dá chur ós ceann a chonáigh.
30 Ceithre bliadhna déug is dá dheich

Royal Irish Acad. / Trin. Col. na Tríonóide, TCD

do bhí sisi da *snaidhmcheilt
san tír thuaith-si[r] theas is thoir
ceas na huaisle gur fhua(i)sgoil.
31 Fan úaisle is lóghmhaire lí
do chuir an t-ua-sin Énrí
ag cumhuil chruidh na Banbha
culuidh do fhuil allmharrda.
32 Air Bhrían chrodha Chatha Dúin
do smúain se tre fhéirg fhíochrúin
ceidtheacht Gall do gháoilfhuil Néill
crann os cráobhaibh a ccinéil.
33 Domhnall a mhac fa crúaidh céim
Cath Dúin do díoghladh leiséin
fear nar sheachain gleó na nGall
leó ní dheachoidh Ó Dhomhnall.
34 (Ó) Áodh mac Domhnaill na ndreacht nglan
triath do raidheagh ón F[h]raochmhagh
cognach slúaigh chríoch Ó cCobhthaigh
síth níor fhúaigh re hallmorchaibh.
35 Níor thearc géill *Ghóill 'na nglasaibh
Níall Mor mac an Áodha-san
a ttór a ccás nochar chuir
ó Nás go Boinn [i] mBredhmhuigh.
36 Do leanadar a lorg soin
Níall Mór do áitigh Eamhoin
da leómhan Thoighe Dhá Thí
Eóghan rér-oile is Énrí.
37 Do chuiredh Conn mhac Énrí
ré féin nGáll a ngáoithgéimhrí
triath rónár go rath tteasda
móran [cath] fan cúig(h)eadh-sa.
38 Gan úmhlacht(a) Enrí orthuibh
fa béas ámhra d'Eóghan(a)chuibh
beart a ríaghla nír thairm tholl
go gairm íarla don athChonn.
39 Art mhac Áodha & Art Óg
táinic dhá ttrén a-nallod
dha chrann cúmhra Tholcha [an] Trír
gan umhla orrtha ag enrígh.
40 An úaisle áirmhim a-nos
do shiol Néill fa sáor seanchos
fírfheagha[i]n nár chláon air chill
cráobh don fhineamhuin Féidhlim.
41 Mac Toirrdhealbaigh do tunnadh
ón droing-sin a-dúbhramhar
nar thabhaidh dhá fhírfhréimh oil
d'fholuibh Uí ríNéill Fhrasoigh.
42 Do gineadh ó gach duini dhíobh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Feidhlim Rúadh nar ob eisíodh
an líon ríogh ránig roimhe
tánuig dhíobh a dheaghchroidhe.
43 An chruithneacht as an ccríaidh ghloin
braitear le teacht a toroidh
acht go léir d'árbhar isi
méin na tálman tríthi-si.
44 An t-úa-sa Enrí Ui Néill
déis asan ccruithneact ccinéil
lé cách do haithnigheadh air
bláth raithbhileadh ó ríoghaibh.
45 Na *ríogha do chinel cCuinn
dob é in láoch-sa dhá labhruinn
a bfoithne síl ar nar leir locht[s]
ar bhrígh air mhéin 's ar mhoirrdhacht.
46 Slighe do réighidh réampa
a raibh don fhréimh Gháoidhealta
dhá ndeach fá chédfhrais chóig n-eang
a n-(fh)éugmais fhóid na hÉreann.
47 Do bhí a n-onóir 's a n-úaisle
dó bhí m(h)eanma *ar mhórchúain-se
ag righe ré réighe a shean
air fhéile air chroidhe air chreideamh.
48 Mac Toirrdhealbaigh trachtam dhe
ní raibhi a fhulang aige
ionnsa dó chách *ceilt a sgéal
gan bheith do ghnáth a gháolfhré(i)mh.
49 Nír léig dhe lé héug an fhir
mac Áodha na n-éacht súaithnigh
ceann urraidh d'Éirinn na náomh
géilledh[r] Féidhlim dá fhíorghaol.
50 Do sáoiledh a ttocht as-tteach
air shíol Eóghain ó Oileach
lér fháomh d'(fh)ainbhfine da ttoil
tairrngire na náomh a-nalloin.
51 Dob é in ga gréine deallraidh
mac torrthach Toirrdhealbaigh
cóimhsigh an uair-si dob fearr
léar shoillsi[gh] úaisli É(a)renn.
52 Ionann do humhlai[gh]the dhó
a cCrúachain Áoi ('s) á nArd Machó
fá bhrúach Berbha 's fá Bhóinn Bhredh
fa Dhealbhna Mhóir 's fá Mhaisden.
53 O Bhéarra na mbrúach mbuidhe
go Dún Máil meic Rochruidhe
tug ó ghair a ghleófhra(i)s de
eólas cáigh air [a] chéile.
54 Do dhearbadh mur Dhún na Long [198]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fa cholbhaibh *chrithe Cúalong
ruire gan chumhga le cléir
umhla gach duini dhoséin.
55 Dob ionann umhla dhá ainm
fá bhord Máighe ’s fán Moghdhairn
fear ainríaghla ar ccúl do chur
’s fá Dhún dáighniamhdha Dealgun.
56 Dob ionann íad ’na fhochair
na fir ón mBúais mbánsh[r]othaidh
ní ciúin a chuimhne a(i)r ó cCuinn
’sna *rioghne ó Shiúir ’s o Shionainn.
57 Fir Thoraigh is Thrágha Lí
ba humhal íad d’úa Énrí
’s fir Léamhna lé luadh goile
is slúadh mhearrdha Músgroídhe.
58 Airmhi[gh]t[h]ear áonbhliadain déug
air Féidhlim tríath na ttreanchéud
a ríomh trá n[í] thairrgfe sinn
gach lá airgthe fa Érinn.
59 Ní creach is cóir do chor air
a (fh)ionnamhail d’fer cogaidh
’sa liacht creach[th]óir ceim(h)eann [n]gill
seachnóin *eile fó Fhéidhlim.
60 Teas is túaith fa *chríth Chuinn
a ríomh uile ni fheaduim
air loisg do leasaibh na nGall
’s air choisg dá ccleasaibh co(i)mhlann.
61 Le Féidhlim dó seóladh soin
d’éis a ccur asa cceallaibh
sruithe clérigh ion gach cíll
cluithe lé *déimhimh dithcill.
62 Fan *ccogabh-sa thuaidh as theas
tárradar treall dá n-áobhneas
sáorfhir gan fhogra ar fhilidh
Gáoidhil Fhód(h)la air éinshlighidh.
63 Dob aoibhinn d’óg(bh)aibh Banbha
ag sdiúradh a sttéad n-allmharrda
slógh fá ríogh[a] ara rothoil
ag ól fhíona a bhfionnbhothaibh.
64 Do bhíodh aqu d’éis a ccath
seanmóir ar sráid [na] cathrach
tré Fhéidhlim iodhan Ó Néill
a n-ionadh leighinn Lu[i]téir.
65 Do bhíodh deanas ’na dheaghoidh
sógh Gall ag na Gáoidhealoibh
fá dhíon *clóch sleasáolta slím
tre rath [e]asáonta Fhéidhlim.
66 Glíadh mílis menma in tshóláis

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

téid sé a séirbhe ródhóláis
a doighir go ttéid a ttráigh
tre bhréig dhoilidh an domhnáin.

67 Gnáth a dochar 'na díaigh fein
sólás sáoghalta soilléir
deacair toil dhá thúradh sin
már dhubhadh íar ngoil gheimhridh.

68 As teannáil do lár luisne
gríanradh gerr in tsáoghail-se
feabhos ghníomh gáoileachta a fréumh
nó síon dhráoigheachta dro[i]bhéul.

69 As dubadh a ndíaigh déalraidh
éug F[h]éidhlim meic Toirrdhealbhaidh
marbh gach beóchroidhe ag clo cheas
mó a eolchaire ná a áines.

70 Sé chéd go leth lúaiter linn
áois Meic Dé go dul d'Fhéidhlim
fá ndlighther dhínne gáir guil
míle a-bh(mh)áin & da bhlíadh(gh)ain.

71 Ní hé cíorrbhadh mo chuirp féin
no mh'áois do dhul o dhithchéill
acht an chré ó theigh Teamhra
do-bheir mé fa mhimeanma. Mairg ...

311

Mairg nach tuigeann treise ríogh
[O'Conor Don, 261a]
*Cú Chonnacht Óg Mac Ribhertaigh cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Mairg nach ttuigend treisi rígh
meisi ní thuigionn mur tám
on tan nár thúaluing a dhíon
gan gualainn ríogh damh a ndán.

2 A chumha ar cuimhne gach láoi
is doilge iná dula dhí
a faghail is misde mé
m'anair ré ré f[h]leisge Lí.

3 Nír derbadh a chor a ccríaidh
nó go ndernadh dhamh a dháil
orrtain deisi don digh bróin
is dóigh gur ibh meisi a-mháin.

4 Gan mé fa thalamh ar tús
damadh e ar sgarad ré sgís
mo tuirrsi do chlódh as cás
fás an luisne 'gon brón bhís.

5 Fúarus mo croidhe da crádh
mar nach bfuarus roimhe riamh

Roinn na Gaeilge, C.G.I. na Tríonóide, TCD

go nderna mo dearc a díl
ar fert rígh Emhna na híadh.

6 Cenn a ccenn san osnadh me
da mbem a cosnamh ré cáoi
fada a-tám gan dula dhí
cuma as í lán gacha láoi.

7 In taisgidh a-tá san úir
gan a faigsin is lá leóin
do bhi an fhuil ag techt 'na truaill
an uair do sguir derc da deoir.

8 Da mbedh uair annamh ar faill
an uair (núaidhe) nachar rannadh ruinn
a lucht do cu[i]r don f[h]eart inn
[is] recht linn nach ccluin ó Cuinn.

9 Gar don croidhe cenn a bhais [261b]
mo croidhe ósa cionn da ghéis
sgaradh is dúal da gach dís
trúagh an sgís anad dhá éis.

10 An té tuc na fuinn-si ar faill
as sé tug an tuirrsi truim
ar ndul i Colla do chill
as coma linn cor ó cCuinn.

11 Brat a ccomhnuidhe ar mo cheill
tuc mac Chóbhlaighe fa críaidh
ar mbreith rígh ó nUidhir uainn
duilidh búain rér ndil 'na dhiaigh.

12 Da bfhuilnginn do bo dáil dhoirbh
ni fuilngim da grádh a ngairm
benuidh do tshíol cCola an chuirm
cuirn an ríogh orra mur ainm.

13 Ar ndul as-tteach láimh re a líg(h)
gach neac da rádha 'na rúaig
rún fhuirigh ag techt 'ga ttéid
don feart a Mhég Uidhir úaid.

14 A chosg nochor dlighedh dhín
go siledh an rosg a fhréimh
as iomdha a thuir Emhna ar h'úaidh
derna dán truail a fuil féin.

15 Iomdha d'úaislibh gu la a lucht
ar an úaidh-si a-ta [t]hort
nochan aithnim d'ath ar h'fert
acht techt trath an aiffrinn ort.

16 Racht nachar ghabhus fam grádh
nír anas gan techt re[t] táobh
ge trom a rí Éirne an úadh
trúagh nach í ar n-eire[r] far-áon.

17 Do chuir ar mo croidhe ceó
a bfuil a[g] loighe ar do lía

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

iomdha oraibh lucht go lá
mná ré hucht loghaidh ni lía.
18 A-támaid ag loighe lat
mur do bamur roimhe riot
fúaire a ri riomsa na leat
do lec fionn-sa i[s] sí ar sioc.
19 Morfhas ar meabhsain an chúain
tre easbaidh Thomáis don tír
fine Eachaidh 'na linn láin
a rinn áidh go ndeachaidh dhíbh.
20 Gan marthain as é budh ferr
ó nach bfaghthair ó Bhé Bhinn
fer dom fhosdadh as tearc thall
techt a-nall gé losgadh lím.
21 Nír léig se fochan tre úir
nochan é ar ndochar 'na dhíaidh
ni muir do mhothaigh a-mháin
do-cháidh tuir Chlochair a ccríaidh.
22 Fa eas ní hegail le breac [262a]
tes ina leabaidh da lot
ni bhi eirge ar breith don bhric
an Éirne ar sic tre chleith Crot.
23 Gach lá ag dubhadh ina dhíaigh
ni turadh a-tá 'na thír
da hanmuin ní fhuil sa gréin
go cuir méin sámhraidh sa sín.
24 Fesda ní gabhtur fa ghul
ní cesta marrthain ni mha(i)r
teinn lém croidhe ceol na lon
ar son goire mo dheór dam.
25 Ni ghabham Dómhnach ar dheóir
ní mhairenn códhnach an Cháil
do bhen sé m'uille don úaidh
do smúain me a truim(h)e da tháoibh.
26 Mo croidhe ar do lía 'ga lot
nocha bía gan loighe let
gasraidh Éirne ider mhnáoi is mac
lat re heirge an laoi a lec.
27 Far tenn a triath ann gac tir
an sgíath & an err áidh
a bh[f]uil d'uradh catha a cClúain
ós uaidh curadh Macha a-mháin.
28 Fearr mo cert ar anmhuin air
na hádra[i]dh dan [fhe]art fa bfhuil
a n-aghaidh 'sa lá ni libh
raghaidh sibh a mhna da mhuin.
29 Mó a chumha fan tí fa d[t]ám
an chumha do bhí ar a mbél

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do fhuirigh dáimh gan a ndíol
síol Uidhir ag dáil a ndér.
Lór fhíaghain ar fert an fhir
a fhert ar iarraidh da raibh
da troighidh fa tri & troigh
nochan fhuil rí Oiligh air.
Ógbhláth go tana 'na thir
tre Thómas do chara a ccríaidh
acht a mbí ag bíodhbaidh a-mháin
rí Fáil gan díomdhaidh 'na dhiaigh.
Mac Pilib fan lía do loigh
a ttilid nocha bía ar bail
na Manchaigh ar n-ég an fhir
créd libh a mharthain 's nach mair. Maircc ...

312

Maith an bhainliaigh bean Íosa
[NLI G40, 5]
An fear ceadna cecinit (Aonghus Ó Dalaigh Fionn)
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

Maith an bhanliaigh bean Iosa
do *raic Gabríal a grasa
cach sa Luan re hais Iosa
síosa cruadh lais an lá-sa.
Caithfid ní slóig (?) siol Adoimh
caoi budh coir fa na sgealuibh
teacht a cclí a ccuinne an aonuig
coinne bhaoghuil í ar fhéachuin.
Coir clú ar an oig(e) mar féithíomh[s]
far cóir a cru do bhathadh
léigfidh lé uile acht *uadhadh
nuachar Dé Mhuire mhatha(i)r
Biaidh ré hucht bréithe buirbe
nach léigfe a cur ar cáirde
bean bhraite cais ar cceilge
méirge gra[i]s aice a n-airde.
A óg do ghabh an grasliaigh
is bean phosda don phaisrígh
guidhim h'oighe a chraobh chnuasréidh
saor ghuaisceim c(r)óir[e] an caiscigh.
A comhbhar gan cheim ccaille
réidh gach cogadh ód choinne
ar chrú an taodhbha da truime
tu buime chaomhna ar ccloinn[-n]e.
A bhean rainig an rí-sin
tainig ó neamh a-nuasuin
mac Dé do ghuin léd *ghrásuid

Roinn na Séanlíthe, Col. na Tríonóide, TCD

sasuidh mé da fhuil uasuil.
8 Mór do chreachtaibh an Coim(h)d[h]edh
do fheadu[i]s d'ol a daighbhean
do bhí tú *ás dot hionnladh
cru fhioghradh a *bhás (mh)bharrgheal.
9 A shiúr na *fhabhair ainmhian
mór clu h'oghacht ar iomradh
do phos triur thu lé toi[l]ghniomh
gur chomhlíon tu an t-iul iomshlan.
10 Tú do thathuig an tsiocháin
lé crú Adhaimh dot fhiorchraoibh
gur théilg h'oige in gach éinchóir
léighthoir léinbh cóir[e] an chioghthaoibh.
11 Ar chaoi Mhuire sa[n] Mandál
cuirím ar caoi na ndeilgphréamh
da deóin ní he bus feargbhuan
leanb(h)uan De a ndeoig a deirgdhéar.
12 Grian na lile gne a géilchnís
fiac[h] a fine a bpein iomchrais
ag sin slighe phuirt Pharrthais
barrgais cridhe an fhuilt f[h]ionnchais.
13 Micéal os cionn mo cobhra
an Firaon liom go labhra
na biodh ní thagra ar ttiomna (?)
biodhbha an Righ d'agra mh'anma. Mait ...

313

Maith an seanadh-sa ag síol Néill
[RIA 744 (A/v/2), 27a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Maith an seanadh-sa ag síol Néill
mar táid choidhe 'gan [cc?]ed[fhreimh?]
láoich da[n?] rogha rún fortuil
gan dola ar gcúl dá gcumhachtaibh.
2 Nó go dtáinic do thaoibh [de?]
ris an gcloinn nár chleacht [...]
nír fhét aoinfhear cór 'na cheann
gur sgaoileadh to[r?] 'na ttimcheall.
3 Nior eiridh do dhioghbhúaidh dhaibh
síol Néill [...] eachaidh echt[...]
gan fea[...n?]oinn don aicme
dar lean doighir dhearlaic[th]e.
4 Do haithentáoi neach d'Íbh Neill
[as g?]náoi as deilbh as daighmhéin
críoch ghealtolchach na bfhleasg bfhionn
a measg eachtronncath [Eireann?].
5 Gion go mbheith ag neach d'Íbh Néill

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dho dhídhean aighthe ar oilbheim
a thoin ghotha do-gheibh geall
a feibh chrotha & [chuisl?]eann.
6 Gur fhill Día a ndíoghail a mbreath
ar shíol Néill na Náoi nGeimhlea[ch]
righe riú níor fhét áoinfhear
tréd ad-chiú gan chommáoidheamh.
7 Craobhsgáoileadh choda don chloinn
do mheas mé móide ar sodhoing
an ceathrur do-chóid bú dheas
go ndearbhtur cáil dá gcoibhnes.
8 Ceithre mic fá mór meadhair
san Midhe ttirm ttaithneamhaigh
do-níad féin ceartroinn chíallaidh
do dheaghcloinn Néill Náoighiallaigh.
9 Láoghaire as [s]é fá sine
Maine is Fíacha foirglidhe
níorsad meirbh fa móide a roinn
leinbh fá hoige dhon fhiorchloinn.
10 Conall Crémhtainn chnuic Aisde
an tan-sa fá tánaisde
don mhearchloinn nárbh ónna a n-agh
cearchaill chródha an dá chonlán.
11 Ró n-uabhair áirde croidhe
nár fhás lorg ar Láoghaire
ro-s diobháidh a[n] gcéin nár chreid
’s nár ghéill don phríomhfhaidh Phádraic.
12 Ní ríomhthar énmac oile
ag Lughaidh mac Láoghaire
an crann ag nach bfoghar frémh
rann da thoradh ni thaisben.
13 Sliocht Fiacha is Maine meic Neill
mór bfhlaith ar bfás da bfhirfhreimh
fá leargbrúachaibh Midhe a-muigh
slighe a ndeargruathair dearbaidh.
14 Conall Cremhthann gan chionaidh
mór bfhremh is nglún ngeinealaigh
gá ttás muna dearbthair sin
ar bfhas o fhearchoin Uisnigh.
15 Mór sloinneadh ó sin a-le
tig orra d’eis a n-airmhe
lorg an cheathruir do chloinn Neill
na fearchoin nar thuill toibeim.
16 Gan aireamh bhos ni bhiam ruis
lea ngabham aithghearr an eoluis
an chaor shlóigh tanig tar tuinn
doibh a-támuid dá tharraing.
17 Clann Neill Eamhna a hOileach

Roger O'Clery, Col. na Tríonóide, TCD

dearbh gur dibh an Diolmhuineach
más díobh ó mhóirNeill Macha
griobh go n-oirneimh n-ionnlacha.

18 Mic Dhiolmhan do ghoirdis Goill
don fhreimh-sin Chonaill Chremhthoinn
’s gan bheith i Saxain acht seal
ar leith o ghasraidh Ghaoidheal.

19 Rob éigean do díochra an cuing [27b]
Lóchán Diolmuin mac Dunluing
[ced?]mhilidh do-choidh tar muir
don fhóir dhedlighil Dhíolmhain.

20 Feargus Ciorrbheoil far chlaon coill
ceadoidhre Chonoill Chrémhthoinn
rob e an tuismeadh fá beó bladh
tuisleadh re ngleo ni ghebhadh.

21 Ceithre ghlúin ó Níall neartmur
Locan gasda gleoghleacmur
go gairm an Diolmhuinigh dhe
do bhaidhbh gniomhdhuiligh Gaillue.

22 Cuircnigh dá gairm don ghasraidh
mic Dhíolmain da ndiornamsaibh
beag soin da rathghaisgeadh reil
thoir do hathbhaisdeadh íadséin.

23 Meic Dhiolmhan riú ’ga rádha
síol Néill a n-áois annála
ní díth don gasraidh an ghairm
a Sagsoin fríth an forainm.

24 Caithid fós aimsir fhada
a n-égmais chláir Chearmada
snaschuraidh ré sniomh a sbor
Sagsanaigh dhíobh go ndearnadh.

25 Ré a fhad do fhansiod thallain
do goirthí ann eachtrannaigh
sáorchrobhuing fá réidh um ruinn
do fhréimh cháomhChonnuill Chremhthoinn.

26 Ré loingeas Locha Garman
tig an t-oidhre d’énadhbur
’mun gcrích ttrédaigh ttirm-si is-tigh
d’féghain na hinnsi or imthigh.

27 Fan trath-sin ar tteacht do thuinn
téid go múr Uí Mháoil Eachluinn
re tagra cháoin gan chionaidh
d’agra gaoil ar Gháoidhealaibh.

28 Admhais dóibh dul a ndeabaidh
ré gníomh níata naimhdheamhuil
a hÉirinn go Saxain soir
ó ghasraidh cheibhfhinn Chodhail.

29 Teid go Longphort Ui Mháoil Mhúaidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ceanglaid ré chéile an céadúair
an gáol do chuirsead a gceill
ó bfhuilsead ar-aon d'éinfhreimh.
30 Admhais a ghaol leath ar leath
ré siol Neill na Naoi nGeimhleach
gur snadhmadh an tsíth mar sin
gan adhradh d'fich no d'falaidh.
31 Fá láimh rígh Saxan tar sál
sgriobhtar lais cairt go comhlan
's gach fearann dar ghabhsad greim
fa sheanfhonn bfhrasbhog bFheidhlim.
32 Meic Dhiolmhan riú ge raidhtior
suidhid síad 'na seanáitibh
rob sodhaing futhaibh na foinn
a nduthaigh Chonaill Chremhthoinn.
33 Gion go raibhe a nÉirinn óigh
aithnis re cach a gcédoir
gan toimhdeadh ar tteacht[a] is-teagh
foirgneadh sleachta na sinnsior.
34 Beirios buidhe deoigh i ndeoigh
ré de-eibh arda an aideoir
mar fuair fein fearonn a shean
ceim fá ttreabhann um Thailltean.
35 Machaire Chuircne an tuir thruim
o Chorc mac Conaill Chremhtoinn
sloinntior an fearonn 'na bfhuil
seanfhonn na gcoilltiodh gcluthmhair.
36 Taisbenais ar tteacht do thuinn
cairt shleachta Chonaill Chremhthoinn
['s?] gach fearonn 'na soidhfedh so
fa sheanfhonn sruithgheal Sionna.

314

Maith an sgél do sgaoil 'nar measg
[NLS Adv 72/2/2, 12r]
A n-ainm an athar agas an mhic & an sbiorad naomh amen
[An] Niall Mac Mhuiradhuigh ccedna
[Deibhí, Ógláchas but with alliteration]

1 Maith an sgel do sgaoil 'nar miosg
teacht ar triath is tuar (h)aoimhnis
tar monghair mára nach *minn
go traigh ccallg[l]an [ón] ccoigchrich.
2 Binne na (fh)orghain a fhios
a ghiolla [an] sgel do sgaoili(o)s
's ni fann a-taim gan treise
mo cheann madhtha m'aisgea-sa.[a]
3 M'aoinmháoine a n-aghuidh [a]n fhir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

o faghuim caoine a chogir
rug ceim a cceannus tar ccach
ó leannus feile is fiorbhaigh.
4 Crodhacht Chuinn re chosg san fhior
mhaitheas Mhanannain fhaoiligh
’s dioladh haogh ar ndfhuais fhilladh
ttri chruinn chnuais da comhdhlighadh.
5 Gerbh iomda fille gan feall
*bhiaidh da dhearbhadh le ndicheall
6 A-niuigh a n-iat Innse Gall
aguinn a seilbh na saorchlann
fear dionna on druing da sleachtadh
chuir mionn Chuinn a comhchleachtadh.
7 Ó bheith fiallmhur [a] gchlu chuir
re mac Lior coir ar chosmhuil
go riar a chriche le ceart
’s nach iarr ’na hinnmhe ainneart.
8 Mag Uidhir giodh fior go fuair
*clath ó eig[s]ibh ’s gach eanuair
niorbh fear[r] [a] fheile fa (f)eallach
nar ceile ri(ogh) Raghnallach.
9 Ar cain ni doiligh a diol
riam t’ainmhioch orm ni *hainmionn
an ccios a duaigh a dleaghadh
’s nac griomh n-uagh don n-ealadhain.
10 Ó Shomhairle chuaidh an chuing
oruinn re diol mur deiruim
ar riomh is deachtadh ar ndan
fior ’na chleachtadh re chonnmhail.
11 A Mhic Domhnuill duit is dleacht
m’eigse d’aghail le *dubhracht
o ta mo bhraighe go beacht
turain aige is (h)umhlacht.[s]
12 Ni leirr na chall dod chinnadh [12v]
riomh a ccath no cceddhlighadh
gan ragh riuigh follusa fhios
no surr solusa seannchus.
13 Dhaoibh-se is call gan a cleachtadh
dar sliocht an trath tionnsganta
’s go fuidh go reighidhe gach rann
nac bfhuil ’na heilidh horam.
14 Ó teacht dar riarr ar ruire
dia ar mbois go mbeannuighe
ar cridhe ar gluasacht gan glas
’s cruasach mhillise mhathas. Maith ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

[TCD 1385 (H.5.13), 172]
De resurrectione Christi et Apparitione ad B[eatam] Virginem. idem cc. [Diarmuid Óg Ó Maol Chonaire]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Maith in t-aiseag f[h]uair Mure
mac Rígh nimhe nuaghloine
rí(gh) do-rine án mór ’sa[n] mion(n)
oighre(a) na n-o(i)gh ’s na n-aingeal.
2 D’eis mhic De sa[n] ccrann do chur
án tres lá do airg ifr(i)on
corp cathleoghain na ccló ndonn
dó dho aithb[h]eoghaigh a anum.
3 Ar ndéanamh creiche na Cásg
mar sin do-chuaidh an ceadtasg
do ghabh *colun a nghrianuibh^{r} ngil
fa anum díadha in Duilimh.
4 Ar ndul do Chríosd ón ccroich ndeirg
a ccriaidh fhúar dia dho dhimheirg
cuid da chatrem ni glóir g[e]arr
do-chúaidh d’aithleim go hifrion[n].
5 Do fhúaisgail [a] aicme fein
mac Muire ghnuis mar ghilgrein
’s ní rug sé gach aonnech as
cia daoineach é dom eolus.
6 Rug lá Cásg creich dá ghaolt[aibh] [173]
go mbiam is é d’énaontoil
mo chróidhe án *fionchen feadhmá
thiomchioll tighe án tigherna.
7 D’éis namhúd Criosd do chreach[adh]
ní cóir gan é d’fo[i]lls[i]úgadh
gus án óigh bfi(o)n[n]ghil thsúairc *thséang
a chúairt go *hingean Ioachim.
8 Mar do-choineirc a ghnuis gheal
máthair ardrígh na n-aingi[o]l
do-chúaidh a *domheinmúin dí
re glóir oireg[hdh]a a hoighre.
9 Nír mho a túirsi úair eile
la báis Mhic na mhaighdeana
don Óigh air n-aithne a éirge
na a glóir d’aithle a eiseirge.
10 D’eis na hÓighe d’feguin dó
d’éis Muire Mhágda-Leno
dob easbhuigh ris án tí is triúr
do-cí easbuil air ain[i]ú(i)l.
11 Do thegaisg Iosa an[n] sin [174]
a bfúair sé ar sechrán creidimh
d[o] f[h]an etara(dh) ath[uim?]

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

dá *ndeachomharladh ar dhecrachaib[h].
12 Do sgáoileadh sgéal inn athar
do chur cách ar mherachad[h]
a rí(gh) eidir Ghall is Ghaoidheal
do-ní a chlann do chráobhsgáoileadh.
13 Lá án chomhthrom do dheanamh dhuit
a Michael uaisal óirdheirc
iúil taighiuir go ttegma(dh) dhó
ar egla áin[i]uil m'an(a)ma.

316

Maith bhur bhfíor gcatha, a chlann Róigh
[Maynooth B8, 29]
{Tuileagna Ó Maolchonaire}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Maith bhur bhfíor gcatha a chlann Róigh
a priomhshliocht Láoisi Lannmhóir
ní dual cor catha acht re ceart
ní do modh flatha foirneart.
2 Coroide diobh cath do cor
sibh as ferr ceart ar cho(i)gadh
ní fuighter gan fíorcradh fer
míonchlar srutgheal bhur sinnser.
3 Gach cuis fan cóir cath do chor
sloinnfiod dibh os diom *dlighter
as trath da deimhniugadh damh
radh na seinleabhar seancadh.
4 Mac Dé ge do dhoirt a fhuil
tar cend chuil chloinne Adhaimh
guidh é is cathuigh tar a cend
se gan fachuin ní bhfuighem.
5 Radh na heaglaise ós é is ferr
lean de do dion ar ifrenn
tearc fac[h]uin is fearr na sin
cat[h]aigh tar cenn do creidimh.
6 Cuis oile asarbh ionchuir [cath]
a-der riot ni radh diomsach
radh gach leabhair fa leith ruibh
bheith a ndeghaidh bur ndu(i)thaigh.
7 Senchlar Laoighsigh na learg nglan^{r}
míle is cuig ced do bhliadhnuibh^{r}
do bhi ar seilbh bur sen romhuibh
ar feirm ní hed *f[h]uaramhar.
8 O bhás De a-nuas gus a-niugh
maith leanuid lorg a sinnser
cía an dráoi nar dheghfhoillsigh sin
do bhaoi an feronn-sin futaibh.

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

9 Tar cheann Laoighsigh na learg réidh
na coigil a oig airmgéir
da madh éigin cath do chor
rath ní heidir gan amhgar.
10 An feronn fuair do cineadh
ní d'egcoir ní d'aindligheadh
re sluaghfhoghuil sleagh is lann
as edh fuarabhair feronn.
11 Airdri(gh) Laigen tug da thoil
do rioghmhac Conuil Cernaigh
tír coilglíonmhar na gcéd gcath
's do tread ardbhrioghmar Olltach.
12 Ní a n-aisgidh f[h]uaramair sin
an tír ar tús ó Laighnibh
me fear sgel do sgaraidh (?)[s]
mar der as edh fuarabhair.
13 *Thig Laigen na learg nglan
tig rí mórmenmach Mumhan
triall congcais tar chóir do chinn
sa[n] bhfiadh mó[i]r bhf(i)onntais bhfairsing.
14 Do gabh a los a lamha
gan choir acht d'fonn eadala
an tír mhór go Maisden shoir
da shlogh gerb aisder uabhoir.
15 Cuirid Laignigh ga ttam dho [30]
fios uatha d'iarraidh cabhro
a n-aghaidh sluaigh mhóir Mhumhan
budh thuaigh go foir fionnUladh.
16 Tiomsuighid mar budh dual doibh
[a] ttimcheall Laoisigh Lannmhóir
dronga d'fóir Emhna Mhacha
'na mbróin fherrdha ionchatha.
17 Laoiseach Lannmhór na lann sen
teid do chosnamh crich Laighen
tug trí chatha no cethair
rí Macha ar na Múimhneacuibh.
18 Tugadh do 'na dheghaidh soin
Laoighis do luach a shaothair
go bhfuil aga shíol o shoin
do thoil gach riogh don rioghraidh.
19 As í m'fhiadhnuise d'fhoir Ghall
gur mur so frith an feronn
(i)s ó ta an chóir d'iomarcraidh ann
*fan mionnfhoc(h)luibh dhoibh derbham.
20 Do cuireadh asa cruth féin
scél fa bhfuil Eire aimhreidh
tír *chnodhonnbhog na gcall *bhfíor
tre *thnuthfhormad Gall nGáilían.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

21 Feran[n] cairte Clann Mórdha
Laoighis na lerg bhforórrdha
cia an úir na an fiodhbadh as fearr
ní hiongnadh tnuth ’na timcheall.
22 Foghar suaimhneach a sreabh gciúin
do laighdigh cion ted ttaigiúir
rogha cheóil gach senma soin
feóir is Bearbha ’ma mbruachuibh.
23 Iomhdha choimhsinm ciúil ag coill
a Laoighis na learg n-aluinn
a heóin ’sa bionnfhoghar beach
ag diomoladh cheo[i]l gclairsech.
24 Fuigfe me a uairghne tar m’éis
dhamh as oirches é d’fhaisnéis
cuid dod sgealuibh a gruadh glan
a mbealuibh súadh as seanchadh.
25 A thriath Laoighsigh fed h’echtra
as iomdha sgeal suaithenta
ad laimh féin derg ad deghaidh
t’fhearg a gcéill gur chuiriobha[i]r.
26 Iomdha fu[a]irlinnte fola
iomdha ár is easbhadha
fa mór mbrogh Goill ar na ghoin
’s tor ar na boing do bhonnuibh.
27 Tu as burba re feadh bhfoghla
tu as umhla d’aois ealadhna
[is] tú as cathchalma a gcrú sleagh
is tú as athramhla aignedh.
28 H’ainm féin a mhic Í Mhordha
feinigh in airm fororrdha
ainm dot arm taobhthana tréan
áoncabhra(dh) badhbh is brainén.
29 Tu úa Conuill na gcreach n-áigh
tusa úa meic mh[e]ic Se[a]áin
as tú Uaithne[r] nar creach[r] cill
ua Cathaoir[r] mhoir[r] mhic Feidhlim.[a]
30 As tú úa Conuill Cernaigh
’ga mbiodh buaidh gach boirbtheglaigh
clú don Conaill-sin do thuill
gan tú a gcomhaimsir Chonuill.
31 Tu úa Eiremhoin na gcath
fer fa ceidrí ar thegh Temhrach
tu úa Ír is Eimeir fhinn
da mbrigh do eirigh h’inntinn.
32 Do cuireadh ad chorp as-tegh [31]
fuil na dtrí mac-soin Mhileadh
nír thuill fuil an trír-si as-toigh
gur mhuidh tríbh-si ’na tonnuibh.

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

33 Tonn mhaordhachta idir mhnaibh ríogh
tonn fheile ar chleir do choimhdhíol
as tonn fheirge a n-uair an áigh
'na dheirge ad gruaidh ag gabháil.
34 Le síol Mórdha ga mo geall
tús a ngleó ar crúas gcéimenn
leó fós do bhrígh a mbronnuidh
tós ag díol gach deghollaimh.
35 As leó ga séd fine as fearr
tós molta ó úaislibh Eirionn
geall na ríogh is dóibh dleaghar
síol óir arna aithleaghadh.
36 Gearr mhaireas bláth na bréige
cathúigh riú a mhic Mairgréige
gearr go dtéid foirneart gach fir
na léig h'oighreacht a n-aisgidh.
37 [A]-táoi ag troid fo thír do shen
ó aois leinbh go meid míleadh
do gleic fan tír-sin ni tim
a mhic na hísligh h'inntinn.
38 Ní hiongnadh breath do bhreith libh
ar chlú láimhe a lá an ghaisgidh
fian echtrann dod léim gach láoi
do leatrom féin da bhféachtáoi.
39 As cuid d'óighreacht Uaithne í Róigh
taisg laimhe Laoighsigh Lannmhóir
lá ngleó da fhíreólchuibh air
sgríbheochar leó a leabhruibh.
40 Lucht iomchair andochair riamh
laoich cródha na gcreach n-imchían
cuirid senchaidh s[o]in a suim
mar dearbhthar ar Cho[i]n gCuluinn.
41 Ní fhuilngeann clár na gcuradh
bhios da naimhdibh neamhumhal
gan Cú Chuluinn éigin(n) ann
na fulaing éaigin echtrann.
42 Cia an Cú Choluin-si(n) ag Cloinn Róigh
thug bárr úaisle ar a n-onóir
dan gar gaol chéadChon na gc(h)leas
do thaoibh echtghon is áitheas.
43 Amhlaidh do bhí Cú Chuluinn
(ar) neart namhad do neamhfhuluing
láo(i)ch lér níamh coinghleic is cath
ar fhiadh oirdeirc na nUlltach.
44 Geall gaisgidh is gníomh ngoile
do nós f[h]réimhe Rúghraidhe
fuair an *Coin-sin seach gach coin
leir dhúisigh uaill gach Ulltaigh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

45 Ní hé a-mhain geall an ghaisgidh
d’fhagáil don Choin chíanaisdrigh
geall o[i]n(o)igh fuair ó gach fer
doiligh gach búaidh da mbeireadh.
46 Úaithne Ó Morrdha [as] sé [as] samhuil
don Choin crodha comhramhaigh
ní bhfuair sin béarna nar bhris
sé ar Choin na hEamhna ag aithris.
47 Acht gur tusga Cú na gcleas
na an cú chuirim ’na choimeas
dho ní breagchlú gidh [bé] a-deir
an cedchú is é a n-éinmheidh.
48 Cródhacht as calmacht na Con
ma ta éainneach léirbh iongnadh
do-bher dearbadh dom dhán air
nemhghlan gach dáil nach dearbhthar.
49 Ceithre cóigidh calma an rath
cuires Meadbh inghean Eathach
do bhúain tana d’fhóir Uladh
slóigh fa dana a ndhoc(h)amhal.
50 Do bhí ar Ulltaibh nar ob cath [32]
ces naoidhen ní nár ghnáthach
nar tharbha dhóibh techt a dtroid
slóigh gan nert ar [a] námhoid.
51 Slúaigh oirbhertach na hEamhna
fan am-soin nirbh infhedhma
cáor shloigh gan tláithe a dtreasuibh
ráithe dhóibh fán dímes[-s]oin.
52 Acht a-mháin Cú na cérdcha
na ndearc gcomhghlas gcoinnéallta
do-chóidh san *áth ré n-aghaidh
gur fhóir ar chlár Conchobhair.
53 Ó Shamhain nir tréith an troid
anu[i]s ar áth an chomhruic
da chorp do budh cennach crúaidh
go techt don errach ádhfhuair.
54 Go héirghe cáich as a gces
dúl san áth dhóibh nir dhileas
ar mbreith slúaigh na hEmhna air
ar thóir Medhbha do mádhmaigh.
55 Mar sin chosnus crioch a shean
mac Rúghraidhe is ard aigneadh
cosmail gcéile ris in gCoin
cosmail a ndéine a ndéabaidh.
56 Do cosain an Cú a hEamhain
áth ar cheithre coigheduibh
(i)s d[o] fhóir in t-Úaithni-si a-niúgh
le núaidhthreisi ar glóir Ghaoideal.

Roinn na Sanscrise, Col. na Tríonóide, TCD

57 Dá mbeire ar mhac Í Mórrdha
Ó Néill a[n] neirt nemhónna
cuirfidh ráon mádhma go muir
re táobh gach gárrdha ar Ghalluibh.
58 Ní ceithre cóigidh a-mháin
do bhí ag lot Laoighsigh d'enláimh
acht Goill is Éire uile
ag boing [fh]réimhe Rúghruidhe. Maith ...
59 A gcanann d'fhúighlibh ann(a)mh[a]
as ceó(i)l d'fhíor a hagallmha
glór a bél Duirinne ag dol
mar éan soininne a Samhradh.
60 Tar bhríathruibh Dé an trath fa dtig
lé ní háil acht áit deirid [leg. ad-eirid?]
ar na briathraibh do-bheir meas
ag sin a n-íarthar d'úaigneas.
61 As lár urnuighthe d'fhios chlíar
téid thusa d'eagla a n-ainmhían
acht ge neamhnár dhuit gan dul
's cuid dod leabhrán 'ga leaghadh.
62 Tig clíar coimhightheach ad chend
a n-áit diamar a Duireann
h'féile féin do bhí dod brath
don chléir is í dob eólach.
63 Día athair na n-uile dhúl
Rí ris nach eidir iomthnuth
Rí na ngrás an fáidh 'sa[n] flaith
nír fás do chách a chomhmaith. Maith ...

317

Maith ráinig i dtreise Tadhg
[RIA 5 (23/D/4), 154]
Domhnall mac Taidhg I Dhálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Maith ráinig a ttreisi Ta(i)dg
mír chruaidh nach onna a n-ioma(i)rg
láimh re riaghail ráinig neart
cialluidh táinig a ttreiseacht.
2 Ní fóirneart ní fíoch troda
do mhéaduigh mac Diarmada
ní le feidhm slua(i)gh[aidh] na sleadh
do bhuadhaigh seilbh a shinnsior.
3 Croidhe réidh gan rún ngoimhe
mían síodha toil treabhaire
dob adhbhar da theacht as-teach
a cceart adhbhudh a aithreach.
4 Ar áitreabhudh na oireacht [155]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ar aisdear ar easguidheacht
ráinig an fonn-sa as árd ioth
Tadg an Fhórsa go háiseach.
Gan troid gan bheirn gan bhaoghal
gan neimh arm na iolfhaobhar
slat bhuaidh is fialbhuga d'fhuil
fuair mac Diarmad[a] a dhúthuig.
Tarraig da bhriathruibh bláithe
dul a neart 's a neamhthláithe
tarraig da labhra mín mear
tarbha an tíre 'na thimcheall.
Ní fairbrígh ní freagra rod
ní meinn luath ní lot carod
ní cailg san chunnradh cheanglus
turbhudh Taidg ar thighearnus.
Tugsad doi-séin leath ar leath
a chruas reachta a rún chreidmheach
a dhíon ceall a chuing smachta
Gleann an Chruinn 'sa chumhachta.
Ní thiucfadh Tadg an Fhórsa
a ttreisi na talmhan-so
as a neart ce tárrla teann
gan labhra ceart is cuingheall.
Do-chuala Tadg aithnim air [156]
sgeala an trír tarrla a n-iomaidh
triar mearfuill fa *beinne tréan
d'féile Í Chearbhuill a cceinél.
Cuaine forraonda feacht n-aill
trí mic do Chian Ó Chearbhaill
triar géigmhiola da(r) bhfiar fiodh
triar dob eigrionna acht aoinfhear.
Fásuig tnúith an trír braithreach
ar tteacht timcheall aonlaithreach
trí croinn dob oirdhearca d'fhiodh
fa roinn oighriochta [a] *n-aithreach.
"Ní fuighthi ar-aon a dhías dil"
dob é riú rádh a sinnsir
"roinn don dúthchus is dual damh
uaim" ar an cúlchas cleachtmhur.
"Fód don tír-si a ttarrla sibh
ní thiobhruinn d'áis na d'éigin
díbh ar grádh De na duine"
as é rádh ar rullui-ne.
An fear tánuiste as é a fhíor
do líonadh d'feirg is d'eisíoth
fiochaid(h) gruaidhe an bhaistig bháin
uaidhe ar cclaisdin an chomhráidh.
Gabhu[i]s a arm laoich 'na laimh [157]

Roinn na Céille, Col. na Tríonóide, TCD

a-dubhairt an déidgheal dreachnár
“do-ghebh ceart munab marbh me
le neart is lem arm uaibh-si.”
17 “Mo chúis ní léigebh[-sa] libh
d’onóir na d’uirrim sinnsir
cúl mo choda do chor rinn
na ar son troda go tuitim.”
18 “Gan an roinn is dleacht damh-sa
d’faghail don eing thalmhan-so
ní bhiú-sa a bhráthair réidh ruibh
do láthair a fhéil ionmhuin.”
19 Guídhi(o)s an mac óg eile
“a thánuisdi toghuidhe
fa fhuil ar n-oighre na beirg
sguir dod dhoilghe ’s dot dibhfeirg.”
20 “Ní feas damhsa na dhuit féin
a bhráthair fhiochdha airmhghéir
an lat an fód fa bhfuile”
ar an mac óg eagnuídhe.
21 “A bhráthair óig an a[d] t[h]osd”
ar sé “na sir mo theagusg
glór simplidhe na ráidh rúm
ní cóir impidhe orum.”
22 “Meisdi dhaoibh nach deantar lat [158]
teagusg orm” ar an t-ógmhac
“díoth tuigsi h’aighneas re headh
budh aimhleas duit-si a dheireadh.”
23 Tig as-teach mar do *thairngear
ráitthe an óigmhic *iulmharghlain
dá bhráithribh don chloinn chogthuidh
don druing aithmhir iomarcuidh.
24 Tuitid timceall na láithreach
le chéile an dís dearbhraithreach
goirthear ’na thriath an treas mac
fa leas da íath an t-iomlat.
25 Iomthusa an fhir dob óige
nar thaghuill teidm urchóide
do bhuaidh a cheille go ceart
do uair fhéile gan fhóirneart.
26 An mac óg a[s] sé ar sómpla
fríoth leis luach(d) a umhlachta
toisg an chathardha ghrinn ghlic
do ling athardha an óigmhic.
27 Mar an macaomh réidh reimhe
frioth le Tadhg triath Maonmhuighe
sealbh na críche is ceart da fhréi[mh]
na fríthe fa dleacht doi-séin.
28 Le ceill le haigneadh innil(l) [159]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ráinig mac mhic Feilimidh
bas seang is nathardha neart
ceann a athardha a n-oigreacht.
29 Rochtuin na tíre a ttá a threabh
ní hiongnadh d'fhior a threidedh
gargghlac gan ghuaisbhéim ttroda
Tadgmac duaisréig Diarmoda.
30 Tír a shean ge madh linn lán
ní maoithe do mhac Siobhán
bheith ar chion oighreachta an fhuinn
d'fior a oirbhearta d'acmhuing.
31 Nírbh iongnadh da bhfaghthaoi leis
do roinn dúthaigh no dhílis
radharc fuinn *ann gan oilbhéim
tar Ghleann an Chruím chnocaimhréidh.
32 Fiú umhlacht aigeanta Taidg
a bhfaghar le a ghnúis ghealáird
fiú a uaisle nách fuláir dhi
faghail a bhfuair-si d'innmhe.
33 Méin oircheas aigne fheasach
tagra réidh rún foilcheasach
gan ró gan iomarcudh ann
ní diomoltar dhó a ndeanann.
34 Deachairt d'fírinne agus d'iocht [160]
dlighidh triath [da] tig oighreacht
le mbia a chríoch ar coimdhe faoi
gan dioth oighri na iardraoi.
35 Dlighidh bhós buachuill pobuil
bheith dó gan rún rochoguidh
gan rún eagcora d'iarruidh
súr eadála a n-imccianaibh.
36 D'fhiachuibh ceirt gach cinn fheadhna
a bheith abuidh infheadhma
seal re dein[i]m cean is creach
agus seal ceillidh caithmheach.
37 Inhgill tarla is na treidibh
Tadg an flaith an fírfheinnigh
gnúis fhial um éadail gach f[h]uinn
ní iar[r] éagáir ní fhuiling.
38 Beart budh adhnár da ghnúis ghloin
ní clos fós feadh a shaoghail
go ndearna Tadg tar a threibh
a meanma árd nír ísligh.
39 Ní fuighthe mar fuair seision
a oighriocht a innmhi-sion
a ttair d'iomluagadh an fhir
acht le hiolbhuaguibh éigin.
40 As dá mheanma shéimh shubaigh [161]

Roinn Craíbhe, Col. na Tríonóide, TCD

no as da oineach iomchubaidh
no as don reacht nách sáruidh sin
táruig a ceart go ciallaidh.

41 Nó as í uaisle is umhlacht
tug do 's gan dol a n-iomairg[r]
gach a bhfuair d'oighriocht a shean
no buaidh deghbheart do dhéanamh.

42 Fúicfidh Tadg san tír-si faoi
do dheoin Dé oighri is iardhraoi
a chuid tíre o chloinn Charrthaigh
na croinn fhire d'Eo(n)g[h]anchuibh. [x]

43 Do-chí Pól más peacach sinn
do-chí fós inghean Iaicim
gein bhuadha do bhí re flaith
do mhnaoi ní chuala a comhmaith. Maith ...

44 Deghingean Ruadhraoi rún dil
slat réig do shaorchloinn tSíthidh
ní thuillfe sí a dearmad damh
is neamhghrod hí is is umhal.

45 Geag bhannda nach beg sonus
ben gan fíoch gan faltanus
gnúis bhuigneach is búan dtionóil
an sduadh fhuilngtheach Eilíonóir.

46 Cubaidh ria ní diongna dhi
rochtain di a n-ainm 'sa n-inmhe
croinn uaisle gach gég ór ghin
a huaisle d'ég nír imthidh. Maith ...

318

Maith re sírleanmain síol mBriain
[RIA 11 (E/iv/3), 200]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Maith ré sírleanmain síol mBriain
fir nár ghabh a ngliadh ó ghleo
ag soin tús nách tig do chách
seanfhocal bhias go bráth beo.

2 Leanfaidh mise ní luadh rádh
do chloinn Táil do lean gach órd
más fíor seanráidhte na sen
's mairg file nách lean a lorg.

3 Léna mhenmain théd gach fer
nó go ttugar mo sheal dáibh
lém thoil ní sochurtha srian
tugas mo mhian do chloinn Táil.

4 D'aicme Cais do lean gach órd
leanfaidh mise ar lorg mo shean
ar mbreith a rogha dá gach aon

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

leanfaidh a rún féin gach fear.
5 ’S iad ag leanmuin d’fuil na mBrian
dom shinnser riamh maith do-chuaidh
tar chloinn Chais dá leanann cách
ní fhuil táth iarruinn fhuair.[s]
6 Ní bheires grádh cumas ciall
ó tá mo thriall go cloinn Chais
ní bhus faide ag ceilt mo rúin
ní bhfuil mo shúil ré techt tar ais.[s]
7 A-tá d’fine bonnghlan Briain
mo shúil ’na ndiaigh a-tá fós
is cenn uidhe dá gach sgoil
fir dá ttugas toil ar ttós.
8 Roinnfiod mo rae ré ndul siar
is do-bhéar do thriall mo sheal
do cheann Ó mBriain do-bhéar tós
is leanfad fós do gach fear.
9 Conchubhar ’na thriath ós chách
rígh ó Mogha go bráth biaidh
fer do ghabh ré díol gach úird
agam d’fionfhuil bhuirb Uí Bhriain.
10 An dara seal dhamh ’na dhiaigh
Donchadh Ó Briain a-deir mé
ós geis dó gan éara fer
do-bheara mé ní dom ré.
11 Cuis oile fá ttiobhrainn seal
do Mhurchadh mher is mór grenn
sé ionann d’oineach et d’arm
’s an Murchadh marbh do bhí ann.
12 Córaide dhamh m’uigh ’na ndiaigh [201]
trí mic Briain na n-arm sean
seachnadh carad budh olc díobh
bíd re bíodhbaidh borb gach fear.
13 Fir nár ghabh eagla ná éad
leis nár chuiredh bréag ná bú
file fá ór náchar ob
do *dáileacht eacht ara cclú.
14 Fir nár cuiredh ceim ar ccúl
do féaghadh súd a ndáil (an) óir
d’fior do chionn a chlú do chor
dul do thaisge orraibh nár chóir.
15 Clann Toirdhealbaigh na cciabh lag
lé gleodh nár sgar sin fán ccéim
dá gach fer dhíobh thed an geall
an tráth dob ferr fine Néill.
16 Táinig cíos Banba go Brian
do-chím cliar dá chur a suim
mo shúil a ccuid do chrích Airt

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag soin a chairt ar chloinn cCuinn.

17 Roinn Chuinn ré sinnser na mBrian
ní raibh is ní bhiadh go bráth
leath Éirionn lé Caisiol Cuirc
is neart síol Luirc na lann.[s]

18 Bainfid súd is ní breath bhorb
do chrích Logha ar lorg a sean
má toil neamhthoil dá gach cloinn
rogha is roinn dá gach fear.

19 Fuil dá huaisle do chrích Cuinn
ráinig is ní suim do chách
a ccóimes re crú na mBrian
ní raibh is ní bhiadh go bráth.

20 Fir is mó cádhas ar chléir
do chlannaibh Néill bheirios barr
nár filleadh a nglia[i]dh tar ais
do bháigh clú ó cCais gach clann.

21 Triar is ferr lámhach is lúth
lé ráinig tnúth fhine Táil
triar is ferr déanamh is dealbh
a ngníomh do derbadh a n-am áigh.[s]

22 Tar gach sinnser ó ttéid súd
dob iongnadh dhúin dul dhá chleith
a ndul tar gach flaith dá mhéd
a ngníomh féin bheires do bhreith.

23 Trí huaithne áigh nár thuill guth
clann Toirdhealbaigh go ccruth ccaomh
trí dhamhna lé mbrister fóir
is crobhuing óir taibh ré taobh.

24 Rachat d'fhios na bhflaithedh bhfial
ní smuinim triall ó gach flaith
níor sgar file riu acht réigh
gach fine díobh lér mhéin maith. Maith ré ...

319

Maith tráth do thoigheachta, a Thaidhg
[RIA 236 (B/iv/1),125b]
Ferghal Muimhneach [Ó Duibhgeannáin] cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Maith tráth do thoighecht[a] a Thaidhg
do thurus is túar ainaird
tre iomchur na ngáothlúath nglan
tiomchol o sháorchúan Saxan.

2 Do thoidhecht o eing go heing
eidir Albuin is Éirind
loinn lem arr mbreith bhúaidhe dhuit
dot dreich núaidhe núadhbhuig.[s]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

3 Oirchinnigh chóigidh Chonnacht
trath dhuit bein dá mbúachallacht
'sa m(b)odhsuine ar ccúl do chur
a rún cobhsuidhe cíallmur.

4 Oidhre Fiodhnach fuair a-noir
'na sgribhinn leis o Lunnduin
dá ttug síos go tenn tenguigh
cíos seng ar na seinchealluibh.

5 Tadhg mac Taidhg mic Briain Bhuidhe
do [fh]réimh ríoghdha Rughraidhe
béraidh a oirbhert inn tar ais
go hoirderc 'nar ccill chádhais.

6 Buain d'óidhrecht an fhuinn sgathaigh
ma smúain easbog Ardachaidh
cuirfidh sé síos a shochar
gan chíos ós é a ordachadh.

7 Sgáoilfidh ar ccíochbhrat cumhadh
sreathfaidh dhinn ar ndocamhol
líonfaidh crú chathiarsma ó cCuinn
a-nú athsiansa ionainn.

8 Cuirfidh sé san riocht roimhe
cealla Mhuighe Máonmhaighe
gan sgís 'na suidhe go sáimh
a-rís ón uile éccáir.

9 Thú fhóirfes a mbreath bhroide
is dhíochras a ndochraide
's do sgáoil dogruing a ndeacra
dot th'fhoghluim sháoir sháoidhechta.

10 Thu a bhfurtacht a n-am eigne
is cabhair a ccoimhéigne
thú a n-aonndóich don uile fher
cuire cáomhshlóigh dar ccóigeadh.

11 Thú aonlíaigh leighis a luit
a áirsigh do chrú Cormuic
thú an t-aon do fhóir orra
nar chláon cóir ach comhtroma.

12 Ó Roduighe run treórach
ar tTadhg feasach fíreólach
mac Núathladha nar ghlac goimh
ar mbrat súanfadha sochraidh. Maith ...

320

Mallacht ort, a fhir na sgéal
[TCD 1337 (H.3.18), 700]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Mallacht ort a fir na sgéul
do fhágbuis meise a meirbhlén

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

’mun sgel do n(d)ochdais a-niugh
ger ro-m ortuis don imneadh.

2 Ni meise a-mháin do marbhuis
a ogláoic laig leathanglais
tred sge(i)l mire nar tuill toil
acht fine Cuinn is Cobtaigh.

3 Do mhoirsgel mairg nar thaisgidh
a *dharthaluigh thubuisdigh
mh’ine treum chorp mur do chl[is?]
go tille ort a aincis.

4 Truag [nach] bo[dh?]ar do bi (?) me
ria cclos an sgeóil ro-m sgo[ilt-se?]
mé um [s?]ual (i)od tarm um taise
truag nach bal[bh](l) do bhaghais-[s]e.

5 Sgel lér chriotnuigh gach croidi
do nochd *du túar eolcoire
teilgion iarla f[h]oid Line
tar moid riagla a righrine.

6 Sgél do chuir cách o chodal [701]
úait gan cheilt do-chúaladar
dlús na ndér as gér ro-m guin
sgél ós gach sgél an sgél-sin.

7 Cóir do labhra do loba(i)dh
n[a cr?]eitior úait eanfhocul
[.....] ainigh don tigh
[.....]ra roic inne d’oigheadh.

8 [...] arbhais Éire an fhóid ghloin
[.....] an fhuinn ghrianaigh
[.....di anras?] ’gar ghnath geall
[...anuis?] cach go coitcheann.

9 [...] aicne marbh don mháoith
[iar] cclos h’aith[eis]g-si a ogláoich
[...] fpailm roid fóidshin Uladh
[c]oig *cóigeadh ar ccriothnúghadh.

10 Síol cCuinn cheárdcha na cumhadh
dhíobh ge beag gan *básughadh
ní ba beó a mair don maicne
[’s ni] gar leo ar léunairc-ne.

11 Síol Ír is sliocht Éimhir Fhinn [702]
athloisgeach theallaigh tirim
don dulus-[s]a as buan a mbron
gúal as urusa d’fadógh.

12 Do múineadh dhoibh denamh dér
Síol cColla tar gach cinél
tre a ndamnadh gan cheart ccoga[i]dh
ni tearc adhbhar f[h]uarada[i]r.

13 Don mhéid cluinntear linn gach la
beag nach marbh inn don iargna

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a ttimcheal chath[shl]óigh o cCuinn
ga[n] iomchur athbhroin ionnainn.
14 Mairchías Áontruimhe ar ttríath
crann docht [d'Járdchrannaibh Eirionn
acht ri ar ccennuigh Día dil
cía dob earraigh re a oighidh.
15 Ag so coir cniochtGhall chaige
máighre dreachglan dianai[d?]e
bláth na ngeag as aipce d'fiodh
a mhéd tar mhaicne Míle[adh].
16 Ni fhuil acht óigthriath oile [703]
más fhior a-ta a ttarrngaire
d'iarsma sloigh Gaoidhiol no Ghall
áoinfher budh coir 'na chonchlann.
17 Dírghe a chreidmhe 'sa chartach
'sa úaisle ard iomarcach
'sa ró fhéile moin ar muin
coir i Chréidhe 'sna críochaibh.
18 [Ma]c Eilíse [li..u?]adh Aodha
fíodhbuidh mhór gan mhionchráobha
[mana?] sí[odha?] chlann cCobhthaigh
crann díona do Dhomhnallchaibh.
19 Do dearbadh dhamh-sa a-nos
os áird go mairionn Marcas
maram 's niam tinn an tann-sa
's do [fh]ill m'anam ionnam-sa.
20 Go bhfuil slan gan cás ccoire
Rághnall Og ar n-íarlai-ne
a-niogh go neamhbocht 'ga geis
bennacht don fhir do innis.
21 Tiocfaidh lán d'inmhe as d'anáir [704]
(o) rann díona (s)puirt (s)Parthalóin
d'éis na mbeart do himreadh air
's budh terc imneadh a nUlltaibh.
22 Tillfe[idh] da thír fa deigsen
tríath búadhach na mbláthmhainér
's gan teimhiol ar chách ni chel
gnáth ar deireadh gach deighsgél.
23 Alltuighim don Tí as treise
go bhfuil mo thríath t[air]ise
bláth freimhiodhan nach [....] bárr
sáor ar éiliúghadh eachtrann.
24 Gloir d'Iosa aonmhac Muire
mar ta íarla Áontruime
slán gan bhrón mar as dleacht do
re a thecht as mór gach menma.[x]
25 Da ccluindis a ccuala in[n]e[s]
da chunntaois chláir mhínLine

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ní ba beó (amo) iad da aithle
síad mur cheó fár ccoghnaich-ne.
26 Inghen Áodha [a]n íarla mhóir [705]
cáor mhuirnioch mhíanaigh dheargoir
terc cháoi a cconglann da cáoi-se
d'forlann cháoi na cunntáoise.
27 Da mbeath gan áonchás oile
agam d'ádhbhar eólchuire
ród rinnshlighe rom fa thrí
fa bhron inghine Éinri.
28 Go lá a báis do bhíadh mar tá
cneas caoilshlim mur an artsnáth
da madh fíor ar dearbadh dhi
'ga sníomh re tennghul tuirrsi.
29 [D]o bheithdís re a mbeo ar buile
cóig inghen[a] ar n-íarlai-ne
's ni bhíad [da s?]gredgul sgis
cíall ar ccn[e]dghom da ccluin[dís].
30 Da ccluineadh damhna ar ndoilge
úa sáoirbhríathrach Somhuirle
lámh euchtmhur as creag chosgair
beag nach éugfadh Alasdair.
31 Da ccluineadh sé a ccúala cách [706]
ua Seumuis as fhear[r] iomráth
beag do bhíadh da ré roimhe
is níor chían é a n-eólchaire.
32 Dortadh dér no búaladh bas
dearbh na diongnadh Sior Séumu(i)s
acht dáil [a] chru asa chridhe
ga baidh a-nú as neimhnídhe.
33 Ni mhairim o nach mairid
ge um beó um trúaill tha[..]lai[g?]
lucht cháoinigh chesa [I] Cholla
Gáoidhil leasa Líadht[roma?]. Mall ...

321

Mar a-dubhairt Colum Cille cáidh
[NLI G429, 62]
{Donnchadh Mór Ó Dálaigh}
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Mar a-dubhairt Colum Cille cáidh
mac Feidhlim learbh áil neamh
"bíodh agad(h) chum Dé
chúig shlighte nó sé nó seacht."
2 Dinnéar Sathrainn slíghe dhíobh
dinnéar Domhnaigh do Chríosd cháidh
as í sin an bheatha bhuan

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

dinnéar Dia Luain is Dia Máirt.
3 Dinnéar Ceadaoine go fíor
beannocht do gach mnaoi do-bheir
bheith ar ghualainn Rígh na Ríogh
as í sin a[n] mhaith gan cheilt.
4 Ná bí go bráth Dardaoin
gan dinnéar bhás geall re cuid
's fada sin suas ar neamh
's as é buac an chuirp.
5 Greim is deoch Aoine mhic Dé
ní dínnéar é acht gidh edh
gibé nách tiubhra sin uaidh
nar thé a anam suas ar nemh. Amen sin.

322

Marthain t'anma duit, a Dhomhnaill
[Maynooth C42, 11]
O Dalaig Fionn cecinit
O Dalaig cedna cecinit don Domnall cedna an tan do goired O Caoim de iar mbas a athar
[Séadna, Dán Díreach]

1 Martain d'anma duit a Dhomhnaill
a dheirg uir an octa thais
a lamh do doirt fuil fa airmrinn
a thuir an fuilt caimslim cais.
2 Gor mhela tu a thaoibh mar ela
an t-ainm nuadh-so a nuaidter gliadh
a lamh nar tha(o)baig ba(i)dh bidba[dh]
a gradh *faladh fionnbán fial.
3 Gor mhela a-ris laoidhe annamh[a]
a aigned beo ag bruithned cao[..]
a gas bethrech ag bru(i)th gribhe
a chrú(i)th fhethmech s(hao)ithe saor.
4 Mor onoir an anma fuarais
ainm Ui Chaoimh a chroidhe fial
decair cor ré dhión a Dhomnaill
gan dion scol no comroinn cliar.
5 Mor imradh d'anma-sa a ogain
fagháil clu do chlectadh se
do bhiodh riamh ina Roimh oinig
[badh] doigh cliar gach oirir e.
6 Fada a-taid na tredhe uaisle
a oig dhiligh dhilas cleir
riamh a ndegaid fhir an anma
a(i) gil lebhair amhra fheil.
7 Gach nech fuair an *hainm-se oraib
a Ui Chaoim da ccro[mann slat]
do chlect bheith fa fhion in urradh

Roinn Lámhscríbhinní Col. na Tríonóide, TCD

eich do ghniomh is br[onnadh] brat.

8 Dual don ainm-sin ort dar-irib [12]
inmas d’fogail aignid phuirt
blogad clach is fognamh *d’filibh
a bhrath fogla cinid Cuirc.

9 Do chlect an *hainm-se fuair tusa
taithemh gerr gan dul as-tech
dul in inad madma a maille
sibal fogla *in ccionn crech.

10 Denamh cennais caidremh anshoig
egar sluaig re soilse re
fulang duaigh i n-aimsir omhain
dual don ainm-sin oraib e.

11 Argain tire togail dunaid
dergad lann ar laithrib gliad
tabhach cana fromad fine
blogad agha is denam dian.

12 Cennach duan o dhamhaib Erenn
aister fada fuirech gerr
sechnad fledh is luighe ar luachair
ibhe sreb a bruacaib benn.

13 Beith go la gan luige a luirig
linad glas de giallaib caigh
d’fer bur n-anma is dual a Dhomnaill
is tuar anma an orlainn aigh.

14 Ar uaisle gach aoin or fhasais
d’feraib an Choimde a chru(i)th shidh
aithris gniom *do-dentar lib-se
a ghriob ectmar Inse hÍr.

15 Gach ni bad dual duit od aithris
d’airgib uaisle is d’airem cen
dod ollamh is coir a chuimhne
a urruid sloigh b[r]uigne Bregh.

16 Elenoir an erla ghablaig[h]
geg airmhech an aignid dhil
cnes ar li ela fa sils[h]reb[h]
gor mhela si dar-irib ib.

17 Slat de roignib geg na nGaidel
gniom tromda nach tuillfe beim
cul camanach na ccraob ffigte
caor glannairech sithe seim.

18 Siad ag grisad ’na gruaidh luisnig
lorg a n-uaisle is adbar tnuith
fola Gall is Gaidel Temra
gnaoiben mall an erla uir.
Crioch mar fuaras. Marthain ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Máthair don eagna an fhuil ríogh
[Maynooth C88, 503]
An fear cédna cecinit (Tadhg (mac Dáire) Mac Bruaideadha cecinit)
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Máthair don eagna an fhuil rígh
clann ó ttug dúthchas dedhghnío[mh]
gan oireamhuin di níor dhligh
sí ar oileamhuin (a)gá hinghin.

2 Rogha toirrchios tárla(dh) di
máthair na heagna an uaisle
breath na heagna is di dleagh(th)a[i]r
is do-ní an eagna a hoileamhuin.

3 An eagna an uaisle fhola
mar chnaoi uim eit(h)ne óruidhe
níor fhás d'fhéadhaibh eit(h)ne as ferr
reimpe ná a ndeaghaidh díleann.

4 Eit(h)ne gan cnaoi dá comdha
ionamhuil na healadhna
a díol go bhfaghar d'adhbha
d'folaibh ríogh nó ríoghdhamhna.

5 Na fola saora a[s] sé a suim
mar nach faghaid a bhfoghluim
tiagaid so a tteirce tora[i]dh
cnó gan eit(h)ne a n-ionomh[ai]l(a).

6 H'eagna ar-aon is a hiomdhaigh
dá meastaoi a meic Toirdhealbhuicc
caidhe cnú a chóimhiomláin soin
a ccrú oirearbhán Fhionntoin.

7 H'eagna linn gingo leantar
cia budh measda a Mhuircheartuicc
t'fuil ríoghMogha ní ró sin
a ccló bhfionfhóla is t'oinicc.

8 Ní hionann rae is réalta
ní hiongna go n-iméara
guaisbhearta tar chléir ó cCais
do réir uaisleachta is eólais.

9 Gé do-bheir Dia do gach droing
iúl na heagna ré bhfoghluim
a ghnúis shodheargtha ar ghné ghil
rómhion(a)ca é ag [na h]uaislibh.

10 Lé a uaisle féin fuair Solamh
bláith an uile ealadh[a]n(a)
do bhí ina chinnbhile ós coill
rí(gh) dob óirnídher d'foghluim.

11 Fuair an eagna an uair do *thóg
préamh uaisle a nAiris-totol
dreach sho[i]dhealbha nár mhuidh móid

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

ó fhuil oirea[gh]dha I[a]cóib.

12 Do chuidig a úaisle d'fuil
méad eagna Alex-anduir
gnúis fhionnmhálla ar lí luisne
rí(gh) diongmhála an domhain-se.

13 Gaoidhil féin gémadh iad ann
gá ttáim *rinn ós [s]iad a saorchlann
a measg slua[i]gh bhonnbhán Bhanbha
[do] f[h]uair orlámh ealadhna.

14 Aimirgin file an ghlúin ghil [504]
an t-ochtmhadh mac do *Mhíleadh
budh é an seang f(h)earamhuil fionn
fá ceann d'ealadha[i]n Eirionn.

15 Do char sí ar an uair dob fhearr
Mórann mac áirdrígh Éireann
fuair an eagna fear feithmhe
nár ghabh eagla éilighthe.

16 Fuair Corbmac mac Airt Aoinfhir
ria ccreideamh do chéddaoinibh
cách ar bhfreagra d'oighir Airt
teine[idh] na heagna ar n-adhaint.

17 Fuair an eagna dá n-(d)éis sin
Coimín Fada mac Fiachaidh
sí a bpór na ríogra[idhe] riamh
do shlógh mínmhúighe Macniadh.

18 Do-ní a-rís rogha leannái[i]n
do Cormac mac Cuileannáin
fá rí(gh) fá ollamh ámhra
do bhí ollamh n-ealadhna.

19 Do thogh an eagna d'iomdaibh
Flannán Mór mac Toirdhealbaigh
mó ná ceartrogha an roinn *tug
do chloinn neartMogha Nuadhut.

20 Dála na heagna riamh rómhaibh
dá leantaoi a ghlúin gealaigh
mór rígh (i)na bhfuair-sí ionad[h]
sí 'san uaisle ar áitiúghadh.

21 Lorg na ríogh-so leantar libh
tar Síol Mogha a Mhuirchearthaicc
sibh dod ríomh uaim-si ortha
do bhrígh uaisle is f[h]oghloma.

22 Tárla(dh) an eagna leat ad líon
d'éis ar thimpchill d'fuil árdrígh
fuair 'na ndiaigh a díol d'ithir
ní síol a ccria[i]dh coimhithig.

23 A bhláith feasa fréimhe Táil
tú mar oighre a nÁth Flannáin
togha fuil cathardha Chais

Roinn na Lárlainge, Col. na Tríonóide, TCD

do bhun athardha is eolais.

24 Ní bhfuil neach d'ísle fola
nách uaisleóchadh ealadh(n)a
is ní bhfuil díth uaislighther ar t'fuil
fíoch na guaisbhreithe ad ghníomhaibh.

25 Maith an uaisle ann gach oireacht
maith eagna gan foluígheacht
mo-chean aonfhear a bhfaghar
meadh na ttreigheadh tarrabhair.

26 Gíodh eadh fós ní feasach damh
na mic rígh (i)s na mic mogha[dh]
siad a cconchlann gur cubhaidh
madh comhthrom iad d'ealadhain.

27 Ar Ciarán Chluana ar Cholom
do dhearbh Íosa ár *n-uirghioll
breith Dé ní héilighthe d'fior
éilighthe an té do thairgfiodh.

28 Téid Ciarán an chrábha[i]dh the
d'iomuidh ré Colom Cille
dó ar creideamhuin cCl[á][i]r Lúighdheach
fáidh eideamhuil ealadhnach.

29 Do chuirsiod gach duine díobh [505]
mac an tsaoir oighre an ardrígh
do bhreith céime a cceann neimhe
geall ré a chéile ar chraibhthighe.

30 "Troisgiom ar ndís lámh ar láimh"
fuighle Choloim is Chiaráin
"go bhfagha[i]m-ne ó Dhia a fhios
cia rén comhdhaingne a cháirdios."

31 Troisgid ainn-séin ré ar-oile
dá phríomhfháidh fhóid Íughoine
go teacht aingil Dé 'na ndáil
dob é a ccaingean a cceadáir.

32 Tug beirt ríogh go Colom cáidh
mar shómpla ar chómhair Chiaráin
tug óirleise saoir iar sin
naoimh fá cómhdheisi crábha[i]dh.

33 "Cia aco sin séad as fearr
a dhá shiuir eagna Éireann
sé mar do reacfúidhe ribh"
ar t(h)eachtaire Dé dúilicc.

34 "Ní cosmhuil iad ré ar-oile"
do ráidh an dias diadhaire
"a ghnúis dil *neamhchobhsuig bhog
neamhchosmhuil fir dá bhfoghna(i)d."

35 "Fiú aoineang don earradh ríogh
céad beirt ní briathar ainbhfíor
do chuladhaibh saor fá seach"

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

úr[a]gha[i]l na naomh n[e]imhneach.
36 “Créad (oile) uim nách féachtaoi féin”
ar teachtaire an Rígh riú-séin
“déanta an ní an uair-si ortha
a mbí d’uaisle eatortha.”
37 “An bheirt ríogh ’sa[n] ríoghacht féin
tug Colom ar chuing fhíréin
beirt saoirse do thréig tusa
léig dho dhaoirse deamhusa.”
38 “Fear seachanta an earraidh óir
toirbheart saoir séaghdha an seanmóir
mo do chean[n]uig clár neimhe
ar ghrádh earraidh ainglídhe.”
39 Aingeal Dé fá diadha an dáil
rug lé Colom tar Chiarán
éigion a beith mar *a-déarar
breith nách éidir d’éiliúghadh.
40 Rug an bhreith-sin a bharr tais
breith dhíreach do dhruim eólais
léad dhreich n-óig síodamhuil seing
a ríoghfholaidh fhóid Fhéilim.
41 Fíonfhuil Chearbhuill is crú Luirc
fuil Bhúrcach bogfhuil Ghearuilt
ad ghruadh dhuinn ag breith bhisicc
do thuill breith na breithe-sin.
42 Ní hí h’eagna a-mháin moltar
ná [a]n béal dearg mar dhonchorcar
ná [a]n neamh chorcra-so ad ghnúis ghloin
cúis do mholta-sa ad mhadhmac(?).
43 Do-ní h’oisdine ’na ham
léig a-rís a rúin inmhall
dod t’fiorfholaidh a huain féin
a ghruadh shíodamhuil sholéir.
44 Maith an eagna a fholt bharrthiugh [506]
gibé fear a bhfaghaibhthear
barr gach teiste is di dleaghthar
ní misde í a huaisliúghadh.
45 A dhealbh ríoghdha a rosg tromdha
fearrde h’uaisle is t’athardha
fearrde an soigh(th)each eagna d’fuil
a freagra d’oineach ionnuibh.
46 Ní hionann béas dóibh mar deara[i]r
an eagna ’s an fineamhuin
maith ré hól í as gach ionad[h]
’s do-ní an t-ór a huaisliúghadh.
47 A mheic Móire a mhéin íodhain
fuair eagna dá hoileamhuin
fuil ríogh(dh)a rogha ndealbhdha

Roinn na Lárnóg, Col. na Tríonóide, TCD

modha fíora flaitheamhla.
48 Ní shaoilim nách deacair dhuit
dá mhéad d'innmhe d'ainm easbuig
'sa[n] Múmha a ngioll a gharma
dul[a] ós cionn an chéadanma.[x]
49 Do ró mhaithmheachuis Meic Dé
go ttí a n-aimsior an *bhfíne
gan fhala[idh] gona an gha
do chora a n-aghaidh mh'anma. Mathair ...

324

Mé féin m'éanbhráighe-se ar Aodh
[Franciscan Library, A25, 204]
An fear ceadna cecinit [i.e. O Ruanadha]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Me fein m'énbhráidhi-si ar Aodh
an té as gnebhlaithghile grúadh
cnu óir a cnuasmhogal chaomh
daor du-roigh m'fhuaslagadh uam.
2 Ar bhlath na ccnuastamhan ccorr
fath dom fuasgaladh as fearr
fad a fhabhoirsi as leir liom
sionn fein gobhoim-si mar gheall.
3 Bráidhe oram-sa a fholt fiar
's a rosg romhall-san a-raon
ag so ar miond saormhálla súl
sionn dún as aonbraidhe ar Aodh.
4 Géill eachtrann riamh 'ga rosc ccorr
do beansam giall da folt fiond
mé on bhaisgheal a laimh leam [205]
a ndóigh gur gheall airsion ind.
5 Do-bhér scél inreactha uam
dá dhéd finngheal-san mar aol
's da earrla slim fadonn fiar
sinn mar ghiall agam o Aodh.
6 Mé 'gam ghuin am geimhiol fein
mo bhreith eisde tar fuil Ir
ar láimh Me[i]g Aonghasa uaim
uaidh teid an daorghlas-[s]a dhinn.
7 Ri fuaslagas d'fód na Niall
m'fuaslagadh dhó ni budh daor
gnuis ghnénar 's a gné mar smual
me uam ag elágh go hAodh.
8 Slat d'fhiodhraidh inghill os fhiod[h]
ni hiongnadh go ttiobhruinn tal
do mhac Domhnoill Dhúin na Con (?)
is to(i)l 'ga súil ndonnmaill damh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

9 Bas ghégthais re ttarrla tnúdh
m’anmhain ’na égmhois ni hál
cosmoil mar ta ar ttoil ar-aon
ma ta Aodh da ghoin dom ghrádh.
10 Bél snaisdhearg ar snuadh an rois
dá bfaiceam no an gruaid mur ghrís
ar n-eo lindeadh ar ccraobh chnuais
ni guais d’Aodh m’filledh ar-ís.
11 Slat thégoir fa chro na cConn
dar ttégor os a lor leam
ar ceand *theasusa do triall sinn
on fhial fionn ga heachtra is ferr.
12 Ni fuighthe ar fud Bhanbha Briain
mac samhla do dhuine dibh
da sirind uile fiadh Fail
go triall a ndáil fhola hIr.
13 Do charos néll a grua(i)dh ngeal
’s a bhél tana ar snuadh na *snuadh
ni fuair aonbheim ara bhladh
mo thal d’Aodh tar cheill dom chur.
14 Sduagh fholtchas fionn as óg dealbh
nir chorroch riom tré ghlor gha(i)rbh
a aghaidh shaor a shuil gorm
a dhorn ni dhúin Aodh fa arm.
15 Dol ar-ís fa chrich na cConn
do-nim togha ar an ti as fearr
on fhior dhoirche ni doigh liom
a ccionn tsloidh Bhoirche da mbeam.
16 Poga dluithe da déd tirm
fa lor dhuin a méd do mhuirn
tar dlus o ccaomhRosa um chuirm
tús cuirn Í Aonghasa óirn.
17 Gan scél riamh farbh anta uaidh [206]
ar thriath Macha acht méd áoil
seachnoim d’fíon fiondbhuabhoill claoin
sliomghualoinn shaoir riogh o Roidh.
18 Conall Cearnoch fa a chul maoth
’s an Cú ris nar ceangladh sioth
ni fear ronna clu re cach
cnú do bhlath Colla Da Chrioch.
19 Fuil Dhurthacht fa a dhreich mar caoir
ni bedh gan chumhdach ar chléir
’s an meid as firfhial d’fuil Ir
dibh an tÍríal o fuil fein.
20 Fuil Conchabhoir fa a chul fiar
do comhchosoin clu da shiol
fuil caomhRosa fa chruth nár
fal d’u Aonghasa ar ghuth ngniomh.

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

21 Do cloinn tairthigh áirmhidh Ír
re n-airiomh as aithnidh dhuinn
coig choigir re hEirinn d'uaim
fan ghruaidh gnéshlim n-óigil n-úir.
22 Gruaidh chorcra as glaineolcha gnáoi
ar m'foltoibh aineócus me
da ttí an ghairm budh heago(i)l i
Peador an tí darb ainm hé. M. F.

325

Mealladh iomlaoide ar Éirinn
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 42]
Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Mealladh iomláoide air Éirinn
sa chrích-si cloinn sáoirFheidhlim
clár sreabhghlas ghégarsaidh glan
eagcosmhail cheanglas cundradh.
2 Críoch Fhód(h)la na *magh sruthmhall
a-ta a hiomláoid égcothrom
ré seanAlbain bfhinn *bfhleadhaig[h]
mbinn sreabhardglain sídhgreadhaigh.
3 Ní mealladh éidig na each
ní mealladh lann na lúir[e]ac[h]
clár toinnmhilis Banbha Breagh
tarla ar ghorminis Gaoideal.
4 Ni curfedh einni oili
air chrich cloinne hUgoine
crích inbherglan na sriobh seang
acht ingheanradh fhear nÉ[i]r[i]ond.
5 Cúis mheallta do macraidh Breagh
a ndearnadur mic Mhíleadh
do malort(h)oibh fa broin bhan
re fóir n-anfholtaigh nAlban.
6 Neachtain mac Nuadhatt Finn Fáil
tuc leis a hAlbain fhódbháin
an ccéadmnáoi díbh mur derar
don tír ghéagnáoi Gaoidhiolaigh.
7 Do bhí Éire ar na haithne
buidhach da cuid cunnartha
gur threabh ré thuathoibh Uisnigh
bean nuachair an Neachtoin-sin.
8 Tugadh re Criomhthann Niamh Náir
*Bain inghean Loich mur lendan
clár soineamhuil na sreabh nglan
bean a hoiriribh Alban.
9 As í an bean-sin nar beac rath
rucc Fearadhach Fionn Feachtnach

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

fáir róidlíonmur fód na bFhionn
fa ttád óigriogruidh Éronn.
10 Tainicc a-rís rogha ban
go Fódhla a hinis Alban
slat abhla ó íathoibh Monaidh
tarla d'Fiachaid Fionnfholaidh.
11 Tuathal Teachtmur triath Uisnigh
rug Eithne don Fhiachaid-sin
Banbha 'ga seainshliocht o shoin
tarla d'eighriocht o n-athribh.
12 Báin inghean Sgáil tug Tuathal
leis tar tuinn son céadrúathar
dar gein Feidhlim brúich Bearbha
ón úir shéimhsheaing sodhealpa.
13 Feidhlim Reachtmur ri(gh) Banbha
tucc mnáoi oili n-allmardha
gnúis shoilléir nar connaimh crodh
tar thonnaibh oiléin Alban.
14 Rucc Úna da f[h]olt sgathach
mac Feidhlim Conn Céadcathach
sinnsir shíol gcatharrdha gCúinn
'na righ rochalma o Fhremhainn.
15 Tainicc a-rís da réir sin
re Muredhach mac Eoghain
rioghan nár grúadhshoilléir glan
do mnáibh fhúairoilein Alban.
16 Beiris Earc an fhuilt leabhair
Murceartach mac Muredhaigh
tuc righ d'ionntamhuil an fhir
do bhí ar fhionntolaig Uisnigh.
17 O Murceartach mac Earca
do cionnsiod céim suaitheanta
clann bheóghonach neamhchas Néill
seanchas Eoganach eiséin.
18 Do réir sgol an iúil arsaidh
ar sliocht na sé riogan-sin
a-táid óig bastana Breagh
gasradha na gcóig gcóigedh.
19 Caidhi an *righdamhladh no an rí
d'uaislibh Fodhla nach bfuighthí
fa clár Cuinn na sithghreadh seang
rí[gh]bhean tar tuinn 'na timcheall.
20 Maircc tarraidh tabact na mban
le rugsad rioghraidh Alban
d'[e]ineclann a-nonn a-niodh
a fonn geimh[e]altrom Gaoidheal.
21 D'énmnáoi a-mháin do bhean Alba
na sé romná rioghan[d]a

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tír na síon mbailbgheilte mbinn
díol a hairleic[th]e d'Eirinn.
22 A Mháiri inghean Chuinn mic Cuinn
tu-sa a-mháin a medh coithroim
a ghnúis mhóidríogh[dh]a ar ghné ghloin
's na sé hóigrioghna a hAlbuin.
23 Gidh be rucc eólus oraibh [43]
ni gnath do a dhealbh shiodhamhail
enbhean do chor a gcomhtrom
na mban mérgheal malachdhonn.
24 Fearr sibh-si na in seisior ban
do rioghnaibh uaisli [n]a hAlban
clar tonnsholus na ttrí bFhionn
do bhí a n-oramus Érionn.
25 Do bhí an seisear-sin fa seach
a gcendus crich[e] Luigdheach
'na mbanrioghnaibh os Boinn Breagh
ag deaghrioghraid mhoir Maisdean.
26 Ga ttám ris rugais an geall
ge fúair síad sealbh Érend
re be[i]th ar [éin]eing d'Ultaibh
dot dreich mhéirsheing malartigh.
27 Rugadh leat d'uaisli is d'[e]in[e]ach
on charuid on comhuight[h]each
breath tar rioghmnáibh roimhe
a dhreach s[h]íodhnáir shéimhidhe.
28 Mór ríog d'uaisleaghaibh t'fhola
a-ta san réim(h) rioghgraidhe
seasca riogh gléiremor grod
do shíol Eiriomhon umod.
29 Deich n-ardrigh fiche oili
od ghál re Brían mBoraimhe
d'fhuil fhinnEimhir fad ngruaidh ngil
sluaigh is inndeinim d'airiomh.
30 Da mbeinn da mheas a Máire
cia ar fedh Fod(h)la fhéraille
do riogaibh Banbha na mbend
fíonfhuil nach ttarla a[t] timcheall.
31 Ni tiobhartháoi a táobh cailci
tu-sa do mhuin malairte
fiú báidh na rioghraidhe ribh
tar mnáibh mionmuige Monaid.
32 Ni ar iomláoid tuga[dh] thu-sa
ar tús on iath Fhod(h)lu-sa
lá do snadhmuighthi a grua(i)dh glan
re sluagh n-ármgartha nAlban.
33 Acht síol gColla clann nDomhnaill
soir ó Eirinn iobha(i)rdhuinn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gan teacht tairsibh ’na bfhíadh fen
ar ttriall re haim[sir] imchein.
34 Nír fhulaing Éire an fheóir thais
be[i]th an fad-sin na bféagmhais
gur mheall séinsliocht cáom Colla
re hinnt(sh)leacht sáor séagonna.
35 Do smúain Éire aici féin
gur chosmail da cneas shoilléir
bréaccadh shi(o)l gcúlcais gColla
da tír duthchais dhomhanda.
36 Fa shíol gColla chláir na bFhionn
cosmail re cealgadh Érend
sómpla ’gan hinleanta air
inntleachta lochta in lámhuigh.
37 Na céadurchair caithid sin
mur tiagaid úatha air íarraidh
tíad fan ú(i)r ttromcladhaig tte
da súr d’urchoraibh oile.
38 Ar tús mur nach thalaimh dháibh
na hurchair oile d’faghail
a ghnúis dhédla ó bhreacmhuigh Breagh
’sna leabtaibh céadna caith(t)er.
39 Do-geibh an t-urchar oile
caith[t]er a gcinn aimsire
a rún fosaidh on fann sriobh
an crand ar ttosaigh teilctur.
40 A-ta an crann teilcther ar tús
da fhaghail as é a iomthús
a ciabh na mbachallcladh mbog
don athurchar ríamh romhad.
41 Fada a-tá Banbha bean Fhloinn
ag iarraidh fola Domhnuill
do bhiú gur theilg tu-sa
do sheirc (?) an crú Cholla-sa.
42 Maith an toiscc da ttanic díot
don cur-sa a chíabh na n-órlíocc
cend nDomhnuill do thocht as-teagh
da gcomhroinn air gort Gaoidheal.
43 Anfáid(h) agaibh-si on tír thoir
sirfidhar leo a los cogaidh
roinn oighreachta ar cáomhcloinn gCuinn
sáorcroinn deighsleachta Domhnaill.
44 Deileochuid clanna Colla
dot tháobh-sa a tháobh seaghanna
re Ceann Tíre na gcladh gcorr
re hÍle re magh Manann.
45 A nghioll air do chéibh gclandaigh
do fhuireccdaois eachtrannaigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

sliocht fionnGaoideal ós íad sin
ni hionmhaoidhimh íad d'anmhuin.

46 'Na bfhál eatarra is Alb(h)a
a-táid na ruiscc réllannda
's an ghruaidh fhinngeal da n-éir goil
a inghean Ui Néill náruigh.

47 Créad far cuiredh cáil mheallta
fád ceann-sa a chruth súaitheanta
air chrích séimhseing bfhódghla[i]s bFháil
's nár fhobrais Erinn d'fhágbhail.

48 Measdar a Mháire Uí Néill [44]
gur comhdháil dot chneas shoilléir
gach [éin]éang do bhreacclár Breagh
ceartlár Éirend nó [a] himeal.

49 Dlighidh fós mac mic Domhnuill
a chuid d'Éirinn iobharduind
ó tá ag roinn bhráonmuighe Breagh
re cloinn m[a]órdaidhi Míleadh.

50 Fúair an Colla or cin ar ttús
ceithre bliadhna (?) as é a iomthús
learrcca míne mhoighe Breagh
is righe toighe Tailtean.

51 Ar cu(u)id Colla os é is oighre
tiocfa(idh do tháobh Somhairle
síol rédhChuinn d'úain rer-oile
fa sdúaigh mearchuirr Mucroimhe. M...

326

Mealltar inne, an t-aos dána
[RIA 6 (23/I/40), 173]
Lochluinn O Daluigh
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Mealltar inde an t-aos dána
clechtmaoid ní cuis edála
óradh delbhe ar ndan molta
do ghrad na selbhe saogholta.

2 Dealbhmaoid le duthracht toile
mar geall ar glóir ttalmhoidhe
grés dluthmholta dana saoir
dála ar nduthrochta as diomhaoin.

3 Ni fes dúinn doirbh an eachtra
an bhfhuighmís fiú eisdechta
on tí da ndingenta(r) ar ndán
ni dob indenta d'iomrádh.

4 Dob éidir narbh fhiú a tharbha
tar éis eisdte ar n-ealadhna
ro molaidh bú malairt shíor

Royal Irish Academy of Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do thabhuirt d’fholaibh áirdríogh.

5 Da ffagmaois céd da gach crodh
ní derbh linn lór do mheallodh
am laimh an m(b)éra a-márach
ar sgeala as dáil diombádhach.

6 Da maire(dh) an crodh cúis truaighe
damhna denta nemhuaille
ni fhidir mé an mairfedh sinn
nar gabhthar hé acht go hinill.

7 Os gnáth deilbh na ndrecht molta
d’algas na séd saogholta
do budh dealbhtha a Dhé ro-m chum
an te as derbht[ha] red díolann.

8 Sgaith ar ndána as do bu[dh] dhlecht
oighre as derbhdha do [d’]éisdecht
’s o a bfoighthe gan chruas ccridhe
duas choidche nach ccaithfidhe.

9 Do-bhera sé ar son a mholta
gidh í an aiseag shaogholta
a-bhus cé cuin chaithes sinn
’s flaithes ar nach bhfuil foirchinn.

10 Méd a dhuaisi ar an dán féin
ní fáth iongantais eiséin
leis cenchar gidh dál nar dhligh
gach dán delbhthar do daoinibh.

11 Ni ar chách as beite a mbuidhe
na tíodhluicthe talmhuidhe
Ri na n-uile as e do-bheir
ci be duine lé ndáilter.

12 Dia do-bheir a ndailter dhamh [174]
a bhfrith linn as leis tugadh
a bfoighbh[e] me as mé dá mhes
as e oighre Dé dháiles.

13 A-bhos is tall ge ta a nert
g(h)ebaidh se ar son a thoirbhert
roinn don mholadh as dlecht dó
no serc is omhan Ioso.

14 Measa mar tá truagh an gníomh
ni-am chriothnaigh egla an airdríogh
an saoghal as e [as] andsa
baoghal é don anam-sa.

15 Caruim é uch níor chartha
do-ním de dia adhartha
mo a gceangal da chionn ’gum chor
do mealladh sinn fan saoghol.

16 Do mealla(i)dh é amhlaidh sin
Zac-arias oglach saidhbhir
tarraidh sé an saidhbhrios dob ail(l)

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gurb é [a] amhles *d'fagháil.
17 Mairg do fuirgeadh lé bhfrith lais
d'éis tionoil iomuid ionnmhais
do char sé an tand-sa an tagadh
ansa De do dermadadh.
18 Delbhuis do dhíon an ionnmhais
tor go ttrillsibh daingenlais
go huaim n-aolchlach a asnaigh
saothrach fuair an obair-sain.
19 Uaim an tuir o thairnig lais
ni thaighledh tor an ionmhais
acht einfher tar chách do char
teighedh do gnath da grianadh.
20 Fecht n-aon ar na fhechoin lais
ni fhuair se ar son an ionmhais
ar slios duaithnidh an dúin ghloin
acht dlúimh luaithrigh 'na lebaidh.
21 Od-chí sé an t-ionmhas uile
'na luaithredh throm thalmuidhe
tig maoidhimh achlain an fhir
don aoidedh tochráidh táirtigh.
22 Go Sacarias sínter lais
derbhuis do dith an ionmhais
damh re na sealgfoithredh slim
fergoighther é far fhuighill.
23 "Ní fíor" ar sé "a nderbha dhamh" [175]
gluaister leis lán do bhorrfadh
san *toridin truagh an turas
tuar osnaigh an t-amhuras.
24 A n-iomthús ón ló-so a le
ni faghthar fios a réime
an tor na an te do thóguibh
le tol De acht go ndeachoduir.
25 Acht a-mháin mesuid eóluigh
a ttug d'annsacht aindeónuigh
don mhaoin nár mhaithes don fhior
flaithes dá thao[i]bh gur tréigiodh.
26 Guidim Dia nar mealltar mé
mar so fan saidhbhres mbrege
a gradh ós [s]é as saidhbrios ann
go mbe 'na fhoilchios agam.
27 Lón gerr gach ionmhas eile
grádh De egla a oirbere
ar n-ionmhas go madh hiad soin
os iad ionlas an anmoin.
28 Biodh go ttiobruinn nír thugtha
ró gráidh d'ionmhas iasuchta
dob e ar n-aimhles a fhaghail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

saidbhrios ’s gan he d’iongabhail.

29 Ceithre dúile a Dhé athar
a-tá um chorp gan chuartachadh
tug cobhuir na ccethra ndúl
dom shechna ar foluibh d’fadúgh.

30 An duil teinedh a-tá um corp
ni mhesuim hi as(n)a fuardhocht
’na gríos toile Dhe as duine
go mbe am chroidhe a ccomhuidhe.

31 Dom anmuin os e as nighe
tug a Dhé ar nduil uisgi-ne
na haithrighe d’fhás a n-am
cás a aithnighe ar mh’anam.

32 Glún snith slechtain umhal[s]
ós túar anma dh’ardughadh
gile ar ngluin do ghormadh dhamh
dom dhuil talman go ttárrar.

33 Do dhuil aidheóir go ttí thriom
feitheadh ghnath oigre an airdríogh
god feithimh [a] D[h]é dhamh-sa
sé d’fheithim dom anam-sa. Mealltar ...

327

Meanma siobhail ag síol Eoghain
[TCD 1363 (H.4.22) The ‘Seithfín’ Duanaire, 152]
Seitfin Occ cecinit
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]

1 Menma sibhail ac síl Eoghain
síl *igan do fúascuil
ar broid na Temra don triall-sain
broid Eamhna mar fúasluig
Ar triall do sluag astrach escuigh (?)
le mblodhtar ar buannaib
sceinm aistir is sia ’na suilib
fiadh Caisil fá cuartoibh
ni beth gan bu a-nos do[n] Níallfhuil
ac sud crodh a Cruachain.

2 Mac mic Néill Oig os gach Ultach
nach leig daim fa deradh
fer dan cradh fuidhliuch na filidh
fer nach cluinnter cesacht
cennchur ar scor airmech Ulad
airemh acc hí Eachac
do chinn clú do chur ’na cumusc
tug a clú ’na cennach
teist í Néill ac dul fan doman
*on ur teid in sruth sechad.

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

3 Crech in rígh a hEmain firthais
crich da ndechair deoraid
rainicc *ma crann-sa ar in crich-sin
is annsa lé heolchaib
fa linn a cuirmdheoch ’na chuirtib
muirnech sinn ’na seomraib
ni haighi in (?) t-enech a n-entigh
a n-orreacht i Eogain.

4 Eirghi a-mach ac mac m[e]ic Una
nár cheil rath in righ-sa
da teid co Cruachain ceim dana
ceim dar cúartaig crícha
ar tríall do fhleisg fhuilig Erna
cuirfidh re cleith limtha
sroll suaithnigh do breith na mbo-sa
fuaighter sin le sída
ni riarfuigter gan cradh Cruachna
mac fialCaitrech Fina.

5 Fer do scar ellach ar éigsib
slat neartmar(t) don Niallfuil
ceim súas ac an airmech og-sin
ar airem ós iarlaib
in (?) tain bó do-be[i]r sa baethgroidh
do-be[i]r or gan iarraidh
cliar le hEnrí nochan ertair
imm enni da n-iaruid.

6 Uiri o Neill cía leis nac cluinnter
a méin san fhial urrlum
gilla nách céimlesg co comrug
darab eigen umlucht
laeich is oidedha don engnum
croidhedha can cumgach
gan duine d’eitech im innmus
ni henech le hUltach.

7 Gilla dan foiccsi fraech milead
laech ’na coindi is ceimlesg
sled cendglas on righ ’na ruathar
do dergadh i d’enteas
in tan far leonadh re lamach
mac Eoghuin bas beimcert
ceim le gach mbuilli da mbuail-sen
ag geig uire i n-eigen.

8 A-der risin failtech fuilidh
a gég airmech ighan
a croidhe beó a cur ’na chusg[...].
on beol cosg na cintad
torchair a bos gegreigh gonach
don cheidbeim don chintach

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan cúis an athbuilli agat
con n-atraighi inad.
9 A tus g[li]ad (?) s(h)uil chuiri catha
cia ar nach cuiri th'egla
a n-ait do bonn a tus troda
an glun corr mar chlechta
ot-ci immarcuid red t'ucht-sa
co hi- aisaca (?)
gleo arin ag 'ga adhaint ort-sa
snam in n-agaid essa.
10 A ua Neill a lamh nach lentair
da teid cach fá comthaib
mall a scoth Eirne re nUltaib
do cheim-si a cor *coithair
cidh luath do choisceim co cathaib [153]
a ua raiNéill Frossaigh
gá beg seal a Énri t'Eamain
tech Dá trenThi (?) togair
gidh bé d'aicme Neill do neimcreid
ceim tairsi do tograis.
11 Do loc tú toirmesg in tressa
do ghorrmsledh mar ghlacfa
ni frith elang mar téd thort-sa
in gerlann trén tana
ma lia cach ac techt a ticfa
a slán (?) fa techt tart-sa
do colg bunbuidhe co mblogha
ot urrluidhe fhada
sciath gel 'na aislib ret t'ucht-sa
cep caisil in catha.
12 A úa Neill Temrach nac treigeb
rér cenglus *ma chuallacht
a croidhi bog is beo fáebar
nar ob gleo ar a guasacht
nar gab on broin cennglais craissiuch
gur bernais bróin mbuanadh
ac triall a chalg fhuilech echtach
buídhech badhb da buannocht
laech mar budh corp eile a n-ármach
a scoth Eithne ar h'uaman.
13 A mic mic Neill na sluadh so[ith?]lech
nach léig do chúach codladh
imdha it cúirt beinnsigh do bhunadh
in budh eidir m'fhostadh
gruadh naeighenta da neimched
caeirshluaga 'gá corcradh
tug aibell bar cupadh crisbrech
tunna finderg folum.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

14 Nir furail duit-si a drech righdha
od croidhi mer mordha
mur Temrach nó tech na Cruachna
fad teghlach fedh n-ola
a ua Néill ’gar thuil mo tren-sa
’na fuil gach mein mordhu
clocha gela cruinne at cuach-sa
uidhi elta n-órtha.

15 Co traigh tuile cno ar gach coillidh
at cuid-si d’fhod fhuinidh
cnuas fann(fand)slat ’ga cur ’na cethaib
tuc anfadh ar uisgib
sa tír tirim-si mar thoitid
ar minlinn[e] muigfe[i]d
ubla buidhe coisi calaid (?)
uisgi a coiti cuirid(h).

16 A ua na Níall is doib duine
’ga mbia coir gach crichi
tir choisrectha in tir a tai-ssi
tir soinenta sidhi
mo inaid ubla oili airne
cubra in moighi mín-si
cnu in gac fod eile da uaisli
mo eitne cno at crich-si.

17 Fairchi na fedh sithi suaithnid
in tir-si ’ga tamuid
gach banb a n-iath eighrech Eogain
días le seser sassuidh
beg nach bíd imm Emhain fhodghlain
tri cethrair fan cranaigh.
banbh o mes annsa fhod férthais
beg ara mo a máthair.

18 Enri O Neill ar craebh cumra
dá téid taeb gach tolga
sreba na lerg fá fer nEna
ar serg na sreb ngorm-sa
gan snam ac breclachnuib badba
na ac ealadhaib ortha
gac sribh on grein fá laech Lemna
ni thed tar cael colptha.

19 Immdha a tír fhúarthobraidh Eoghain
búantorthaig (?) a mbí(d)mid
cuill ghela ac guidhe ar [a] ngluinib
fedha in muighi min-sin [154]
fada in suan a mbid fa beocnoib
a cnuas dib co ndibrid
[a] treabhluib bocccumra buirid
corrubla ’na cithib

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nir tachladh talam le tredaib
tar taradh as tir-si.
20 Ua Neill Frosaig ’sa bert bronntar
nochtfaid dá dreich derggil
tanuicc do brigh a breth n-innruic
nách brígh techt don tenntigh
g[ri?]an ’na roth os iath i nUlltaib
in t-iath do togh Ferceirt
ní fholaig im sribh eigne ar onfais
le tes greine gemraid.
21 Mac Caitre[ach] Fína cíab clannach
an ríghda fíal feithmech
fer o fuighi Fodla furtacht
croidi is mórdha mesnech
fer do-ni fairsing da achaid
ar nach faicim fretech
ni buaidhir cumgach ná cogad
fán Ulltach a enech
era o Énrí nochan fhuighter
um enní achd fa eitech.
22 Énri O Neill lám nach lémthar
gach fád fa cheib craebthais
na fuinn do-chífe fa Cruachuin
& fuinn Midhi fá máeraib
nó co rúa le hoigri Eóghain
gan suan oidhchi a n-entigh
co mbíd fa chuing aigi ar éigin
maicne Chuinn ní caemain
a dhimdha ar sil Céin do chúitigh
co mbíd iss é d’entoil
ticfa ré síl Cais a cétfaid
cís d’ú Airt con n-fhaemthar.
23 Do-chí mé ni holc dom(m) ord-sa
d’íb Néill na scor scenmdha
fer do leicfead a rún rim-sa
’gar creides tús tennta
bos gégghel da clechtar comtha
teghfes tellach Temrach
fer ’gá fuidther ré n-ádh umla
’sa lámh luighther lim-sa
rí Bregh gan cach aga comdha
fer riss nár fhás m’ferg-sa
cuairt ac ua Néill ni lór lim-sa
in té ’gar mo ar menma. Menma ...

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

Seithfín cecinit
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]

1 Mestar tech Innsi re hOilech
tech nách lingfe lassair
teid tar mur Cruacan ar culudh
mur uassal na n-arradh
do chinn ar Emain ’sar Oilech
’sar medhair Chinn Charadh
gell re mur Cormaic do chuirfedh
gerb ordraic a alladh.

2 A cenn suas tar gach brugh bere(i)s [137]
brugh [...]uas duath nderg tharach
mar [...] barr os cinn chlogait
in mind clach [...]nn cathnach
cuirt is inchuir os gach istadh
ca fidbaid na facus
nara[...]c in brugh *retrach slaitghel
re caelach na cathrac.

3 Mur Cruachan arar cinn [.....]
is [n?]uabrugh Cinn Charadh
’sa[n] tech do bi a nEmain Uladh
Temair na tri faladh
is dil ar eighrecht na n-istadh
in sidh beindghel ballach
rainic coiler crann na coilledh
an tarb coimthren cathrach.

4 Don chuirt ingantaigh do-fetar
d’imarcaigh na n-alladh
loch ’na timchal aga torracht
fidhbad na loch lachnach
ni husgi diumsach a daingen
acht cíunloch can cassadh
ara mbí coilchi d’iasg iuchrach
bías choidhchi cen chadal.

5 Teghdais meic Ardgail áirc Uladh
cair carrthain na cathrac
tech ’nab inanta san errach
san istad-sa anfatt
midh Frangach tre fhin san istadh
frangcteach nach frith falamh
tech na sleg ngrenta ’s na nghneimel
in tech-sa is tech carad.

6 Damna righ sa treib do thoghus
mu lin ni leig falamh
tar tech Rugraidhi a-tú ac toighecht
mur Rugruighi rachus
ceim ar airemh os gach istadh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gan airem ní anfa
ni mestar aeintech acht Oilech
ar aibhnes ’na fharrad.

7 Gotha gerg is go[th na n-]ealad
’mun port is ferr amarc
do-cither sa corrbrugh chupthach
[...] codnach na cathrac
loch sídhe úadh aga fhorrsedh
le líni luath lachan
in ri ’sa troigh ara tairsech
do-chí a toigh na tapthar.

8 Coimling a chon ’na coite[...]
scor moingshlim masglach
nó co mbi ara cuilt a codladh
do-ci is cuid da amharc
rith a cuach n-eithnech san istadh
’sa bledhedh n-uar n-assnach
teglach romór imm ó nEchach
a comol chúach mballach.

9 Gres ar gach encerd san istadh
treb teidbind na tapthur
tech Meg Mathgamna ’gur meltur
séd cathardha cathrach
righna os fuirinn oir s[an istad]
a mbróin croiderg callad (?)
cuirt ledhMeg Uidhir ar nUisnech
leitheid Uisnigh d’amarc.

10 As din ar fhiabrus a feithim
fiadhach agá falac
daim (?) mar budh edh arna n-egor
coin agus gres gadur
eillte sa brudh corrban chupthach
ar ucht ndhonnclár ndarach
a lan co horrsain san istadh
’s ar comlaib na cathrach.

11 D’imdenam each & eltan
sbrec n-ilgresach n-andam
tech ’na conchlonn ma dho cuiredh.
med comthom na cathrach
tech ’na ta aigh cach[a] fhilead
a-ta re taib tallan
tech can enchlethram in t-istadh [138]
ar céadlennán cathrach.

12 Gell [d]ar ndheóin don tigh ar tossach
don tigh fá dheóigh damthair
in seomra donnclárach daingen
companach na cathrach
bruighen ghel fhínnderg hí Eachach

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tech is fírferr ellamh
co faca an brugh béinnsech bleidhech
in céadtech do charus.

13 Do-gheib sinn samuilt don istadh
fan bind labuirt lachan
dar let is cloch ar na cengal
in tech os loch lachnach
adhbur rígh Oirghiall san istadh
cís na nghoiriath glacas
tech í Cholla na cuach n-aistrech
in smual corcra cathrach.

14 Fuair dar let a chuid don cherudh
tech ar nách cuir cagadh
aigi nach fallsa do fighedh
aigi badhba balach (?)
Grés on tearc caelach na cailledh
'na saetrach sreth masal
a dil cead 'sa horrthain d'innech
'sa gres ordhairc andma.

15 'Na trebradh dhluith mín co mullach
gur dúin clí na cathrach
suil do tuighedh tech í Eachach
bruighen brec 'na mbrannub
gai gréine ara taib ni ticfadh
re gaib gréine ghabus
bés in fhirthopair 'conn istadh
grés sidhamail slatach.

16 Lór d'ínnfhúar co táir in tespach
ráith midhfhuar na massal
le tech mic Nualaithi is nemolc
fúarthaisi dá faghadh
cia danb egail isan istadh
ferthain gemad frassach
din ó thús dílinn co deiredh
sá[n] mur fhínderg asnach.

17 Dil air luach in lamh ler tuighedh
sidh na clar mbhúan mbhallach
ní fes sa[n] teghdhais nach turudh
ferrthain agá falcadh
tech air nach gell caeimthech cailled
aeintech is ferr fasscudh
bruighin fithe na colg critrech
scolb trithi agá thachtadh.

18 Dá ni nach egail don istadh
is mín grenadh gabhal
gaeth fuar ina tuili ac toighecht
nó buinne luath lasrach
múr finn nach fostann a dethach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

in mid clochdhonn cathrach
istadh ard air nach teid temhel
a dhé ni hann anus.

19 Ni sáer nách rug gell ar grinnes
do delb in bruidh ballach
frith aenta Ghobain fan gerradh
craeba in clogais cathrach
no is é sin in saer ler snoighedh
gach craeb sa[n] tigh thaprach.
a cinn ina cheili ceilter
an beinne grinn gabhal.

20 Ní shuathfad líne lamh ndaingen
sa[n] rath fhithe assnach
nach scuch da n-áit arna n-h[...]
co tair in brugh ballach
in a ngres far cosmail coimes
a nglotain a gabhal
sa port chenncorr arna chengal
do roth dergdhonn darach.

21 Tech mic Airdghail dún nach druidter
arrsaigh clú na cathrac
ca beg a hinntshathadh d'aites
inn ingnáthach annamh [139]
saer co horsanaib 'gá hegar
do donnasnuib darach
do thuill beannacht & beredh
ar n-egur na n-asnadh.

22 Is cert an compás ler cumadh
tech na ndhonnclár ndarach
in rath fallan os gach istadh
mur branan ós branndub
do sin tar cimsaib na coilledh
can fidhbaid da falach
tech fan moch airfitedh ealtan
roth coimlethan cathrach
Ma ta aintegh is é in t-istadh
'na[ch] leir gainedh gabhal. Nach leir ...

329

Meinic laghdaighthear leath Cuinn
[RIA 744 (A/v/2), 11a; 11b left blank]
[date 1623 in qt 18]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Meinic laghduighthior leath Cuind
mór ccrádh ós cionn a fulaing
fúair sí do chláochladh ó chea[s?]
[n]í háonchrádh dhí fá doibh[eas?].

Roinn na Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

2 O thuislibh go teidhm oile
ó imneadh go heólchuire
ní fhéd sí gan coimhne ar cheas
ó dhoilghe dhi go doilghios.

3 Ní thug leath Cuind ar-cheana
ó thárraigh tús imneadha
go ttáir go crídhe an ceas-so
acht síghe a ndáil doilghiosa.

4 Ní leattrom a los ronna
do réir mur táid tóronda
tig as-teach ar chédroind Chuind
fá leath éccroind an fhearuind.

5 Sé ronda rátha Logha
níor chuir neart a-nallona
a riocht as lugha leath Cuind
lé bheith gan tumha um thóroind.

6 Ní heasbhaidh inbhear srothach
ní teirce magh míonsgothach
do laghdaigh leath Cuind na ccath
acht a mbuing ré teach Teamhrach.

7 Teamhair thug an domnas dhi
Téa ó ttá Teamhair uirthi
Éireamhón ar ttocht is-teagh
ar ghort meidheamhór Mhileadh.

8 Ar leath Cuind do chuid ronda
do réir ríaghlaidh thóronda
tus luit don fheadhoin ré a hais
do thuit Teamhoir do téagmais.

9 Dream nár hurmaisiodh orra [12a]
rug a bás breath eatorra
cía is maith don mhaicne fháoiligh
nó is saith d'aicme fhiondGháoidhil.

10 Níor tuigeadh an tráth do mhair
lé gach druing dá ttá a heasbhaidh
an fad ráinig cailg a cráidh
gach mairg táinig dá teasbháil.

11 Iomláoidtear maise a mórtha
ag flaithibh fhadbh n-orórtha
sgíamh gach dealbha ar ccúl cuirthear
a rún feadhma fúasnaightior.

12 Ré hucht imtheachta Mháire
do thuil a ttonn míobháidhe
acht gan gníomh airm ar oile
ná maidhm síodh a sochaidhe.

13 Ó bhríogh choitchinde a caithmhe
urra bú dóigh dearlaighthe
níor táobhadh go tteasda sin
báoghal feasda dár bflaithibh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

14 Maith gach áoin ar a iocht fein
eagail go ttuillfe toibhéim
sáoth leam a légadh ’na n-ucht
dream nár déchadh a ndáo[nnach]t.
15 Níor féchadh a lán ré a lind
caithfidh feasd dénamh dichill
an té roimhe nach rachadh
lé fá a hoire d’iomachar.
16 Scáthán amhoirc an oinigh
ortha ré n-olc anchroidhigh
tolach thionóil bhfear bFuinigh
teagh miodhóil dár macroighibh.
17 A chreidhim do cheil gach mairg
a inghean rathmhuir Riocaird
a deireadh Boinn(e) bhéinne Bhreagh
a nóin ghréin[e] na nGaoidheal.
18 Sé chéd décc dá dheich ar thrí
áois Meic Dé ní dáil neimhfni
go ttárla an chailg choitcheand deit
as foircheand dár mairg meineic. Meinic ...

330

Meisde mh’inmhe mh’fhad ó Shaidhbh
[RIA 743 (A/iv/3), 684]
Maoileachloinn na nUirsgél [Ó hUiginn cecinit]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Meisdi mh’inmhi mh’fad ó Shaidbh
’na goiri a-tá ’gar ttogairm
ni anabh gan tríall dá t(h)oigh
gidh cían rabhar ’gá rochtoin.
2 Mór do bhronntuibh bheanas díom
m’fad ó ingin an airdríogh
lór an linn & lór damh-sa
ar mhill da hór umam-sa.
3 Ar cenn a bó nó a brat ndonn
a-túaith go Tiobrad Arann
gé madh tráth do thograinn techt
do ghnáth ní admhainn imthecht.
4 Ni husa ná bheith ’na mbun
ag inghin airdrigh Muman
ar ceann séd an tíre theas
céd míle um cheann do churius.
5 Seóid do choigill fám comhair
ní fhéd inghean Chonchobhair
breith a harradh da madh áil
bheith ’na farradh ní foláir.
6 Anfad fesda ’na farradh [685]

Royal Irish Academy, Cóipeanna Tríonóide, TCD

mó as fada gur anamar
mh'aithcheódh ar chlannaibh Coinn
dallaidh ar n-aithcheol orainn.

7 Inghean chodhnaigh chloinni Táil
ni thiucfa fúinn a fágbhail
ar bhúaibh láogh dá lenam dhi
is ar ferann sáor Saidhbhi.

8 Ní bhí an t-each ná an t-erriodh sróill
aici acht ar fhuighioll mh'fhasdóigh
ná an cófra munbá cead liom
ná an leag órtha ná an fhithchioll.

9 Inghean í Bríain do-bheir damh
grádh muinndire is muirn dheóradh
do-bhir gan imtecht ar mh'óigh
ag sin dá inntlecht mh'fhasdóigh.

10 Anfad aga hagaidh mhoill
gach ubhall ar a abhaill
fuil trénChoinn na deala dhamh
lé heala merchuirr Mhuman.

11 Sadhbh inghean Choinn dum chrich féin
fada ó andúthcus eisein
mo bheith ag Saidhbh ara sliocht
da reich a hainm 'sa hoidhriocht.

12 Mná úaisle 'na hégmais sin
do leth Coinn cóir a n-airimh
uimpi ar-áon re hingin Choinn
ní gáol nach imghidh oroinn.

13 Leth Coinn airighim uirre
díbh máthair mhná Sabhroinni
lé sgoil dá tír do tháthaigh
díbh soin a dha seanmhathair.

14 Fuil Cholla as comhfhogas di
ó dhá sheanathair Shaidhbhi
ó á ffuil 'na eanglais dá fhíon
is fuil Fherguis an airdriogh.

15 Fuil Uilliam Búrc an bha[i]rr thais
or ghin máthair mhná an Fhorghais
aga brosdadh do bhí an fhuil
gum fhosdadh dhí óm dhúthaigh.

16 Tráth éigin d'aimhdheóin tShaidhbhe
'nar ndúthaigh dhá ndechaim-ne
badh cumhain é ar a fheabhas
mé i Mumhain ar mhuinntioras.

17 Tugsad tiodhlaicthi Saidhbhe
mé a g(h)comhrac dhá chomhairle
cíabh ghlúnchas 'gá ngabuim port
as dúthchas chladhfhuinn Chonnacht.

18 Tig fúm gan a fágbhail sin [686]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tograim dol[a] gó ar ndúthaigh
beg nach anadh badh loinn linn
ag sgaradh re cloinn Chairthinn.
19 Giolla Brighdi breithiomh sgol
ó chloinn Táil mar do thríallladh
dub é a sgaradh riú mo riocht
dob fhiú anadh a imthiocht.
20 Mac Líag mo leithéd oile
o maicni Bríain Bhóroimhe
úatha ríamh ní raibhe ag dol
nach mbíadh a airi ar anadh.
21 Duthchas thúaith ’gan tríar ollamh
ionann táobh dhá ttangamur
ionann cridhi dháibh is damh
fá fhini Tháil do thrégadh.
22 Clann Táil nach ttreigid filidh
fúair uirrim gach éinchinidh
nír dhíall lé féile a bfinnbhan
ríamh acht tréidi tigernadh.
23 Ní rug acht ríoghan éigin
do mhaicni meic Cinnédigh
cá bean díbh nach sloinnim soin
oirrim ó rígh dá ríogaibh.
24 Bean énanma d’inghin Choinn
an ríoghan rug an urroim
tearc d’íbh Sadhbha acht slat Chaisil
mac samhla na Sadhbhai-sin.
25 Ní cinneadh d’inmhi orra
ní dealbh na díol orroma
do-bheir uirrrim shíl Shaidhbhe
do chuinnill mhín Mhodhairne.
26 Ní huaisle na adhbhar gill
do-bhéradh aice an uirrim
gé fúair-si a bruinnedh ó Brían
is tuilleadh úaisle ó Uillíam.
27 Inghean í Bhríain an bhairr truim
dá tréidhibh tugsat urruim
gé tá ar uirrinn don tír theas
uirrim gach mná dhíbh dhlighius.
28 Dá rabh ar ríoghnaibh Banbha
luidhe ré lucht ealadhna
ní badh coimhmionna dhí is dáibh
ar tí a n-oirrioma d’fagail.
29 Dá mbeith gach áoinbhen aca
ar seachna dhámh ndeórata
ní léig mac deóraidh gan díol [687]
an tslat d’fheólfhuil na n-airdriogh.
30 Dá ttugadh mar nach ttabhair

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

eitioch ar gach ollamhain
a-tá a *cheilt d'airrthibh oile
'gár gcleith saidhbhir Shadhbhai-ne.

31 Tlás ['gus] fos & féile
bheith d'feruibh ar éincheile
tréidhi mhna glaicrédhe gáoil
baintréidhi a-tá gan tatháoir.

32 Gile diorga & duibhe
trí datha ó mBríain Bhóraimhe
fúair go gcláolach ndata ndearc
gach áondath aca a n-áoinecht.

33 Fúair inghion í Bhríain Bhanbha
an cethramadh comurdha
ríoghan osgurdha Uisnigh
rosggurma san ríoghuin-sin.

34 A díthchioll dána molta
as agam badh ionganta
'sa feabhas lé fer páirti
bean dár bhenas bótháinti.

35 Gén go ngabhadh geis oile
*righion í Bríain Bhóroimhe
mar do sgéradh sinn ré Saidhbh
a-déradh gan inn d'íarghairm.

36 Mo chuid do chlannuibh Sadhbha
Sadhbh ingean mheic Mathghamhna
trén 'gá súil mhongfhabraigh me
tnúidh ar ollamhnaibh uime. Meisde ...

37 Ferdi lé feruibh Uladh
misdi lé mnáibh fionnMuman
céim lé mbéra thoir ar thrén
a moigh do-bhéra Bháiter.

38 Iomdha i leith Cuinn na gcúach nderg
do *mháinera a meic Risderd
bíaidh an leth-sa a ndeighriocht dhe
badh leat-sa eidhreacht th'aicme.

39 Feirdi mh'inmhe mh'fhaicsin dó
mac Domhnaill dergas caolghó
lámh ón meinci cnedh croidhi
fer teilcthi na táthlaimhe. Meisde ...

40 Croch Dhé dum dhidion orra [688]
truagh ar n-inmhe etorra
ar bhfúarrum is ar bferg the
ní sealg ar núamur nimhe.

41 Meisdi a fhad go ndamhuim dhuid
mo breith ó phéin a Phádraig
ni thallan nach ttiocfa rinn
bhar bfiorta as annamh éisdim. Meisde ...

Roinn na Clárlainne, Col. na Tríonóide, TCD

331

Meise ar th’fhaosamh, a Airt Ruaidh
[RIA 743 (A/iv/3), 775]
Gofraidh Mhac an Bhaird
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Meisi ar th’fáosaimh a Airt Rúaidh
tabhair beó um intinn egcrúaid
roinn mh’eire tre robhaidh rum
dá mbeire ar mh’anáil ionnam.

2 Díot má do *dhligeadh almsa
oirchius na híarr seacham-sa
ar th’fíor flatha fég dh’ár mbroid
créd i ttacha mar támaid.

3 Gabhthar na hairde oram
glas imshníomha ar mh’uraghall
ní fhaghaim fháth na labhra
da bfaghainn áth agall(a)mha.

4 An labhairt nach léigter dhamh
fám thuinn ’na treabhadh menman
gach a treabhu(i)m ní túr oir
ní ferann dúinn ar ndútaigh.

5 Ag so chimidh i gcarcair
más túaloing a thárrachtoin
d’fhuighlioch áir a fhir Cráoibhe
ribh dob áil a égaoine.

6 Da lamtháoi a rádh acht rut-sa
ní hí an trebh i ttarlatsa
do réir mh’eóil áras as ferr
tárras a ndeóidh na dílionn.

7 A Mhéig Aonghusa ní fhuil [776]
fer ar n-aithne um fhonn dúthaidh
a labhra as roifhrithir rum
coimighthigh tarla um thiomchall.

8 Gan againn don Éirne bhailbh
nó d’Eas Rúa[i]dh mhó[i]r meic Badhairn
puirt aille ’nar hoileadh me
acht sgáile a n-oirior d’aithne.

9 Gan Dálach a nDún na nGall
port Leithbhir ’na lios eachtrann
mor linn do-fhionnmáoid don ulc
sinn ón iomláoid gan fhaghnacht.

10 An Chráobruadh (?) ’na gríanan Goill
malairt díne i nDún Geanuinn
Eóghanach ann nochan fhuil
a bharr beóghonach Beannc[h]u[i]r.

11 Tárraidh Macha gá mó broid
iomláoid uird tar ord Pádraig

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

snoighe ar a seanhalluibh soin
feranngaigh oile i nEamhain
12 Ní thuigim a thuir Mhacha
’s dá ttuiginn a tteangthacha
fúar a mbáidh sin rér senuibh
táin nar ghin ó Gháoidhealaibh.
13 Baramhail as dísle dhamh
Comhdhán i gcúas na bfáolchon
glór Comhdhán a gcionn na gcon
sionn ’gá chomhrádh a gcogar
14 A Airt meic Aoidh meic Domhnaill
osgail ar fhál mh’éccomloinn
leg lat ar fhabhairsi inn
ac ní l[a]mhaim-si luaighill.
15 Ag so an comuirce a chara
do chláochlaidh ar gcédfadha
táir a Mhéig Aongusa ar n-oil
té[i]ld mo cháomhna-sa cugaibh.
16 Dáoibh-si a comtaigh mo chridhi
dobadh carbad Conure
na haimsighthi a-tá fám thoinn
lá a bfoillsighthi da bfaghainn
17 Le faicsin Iobhair Chinn chóigh [777]
do múcfaidhi dé ar ndobróin
ar gcroidhe dobadh cáoin linn
Moighi an Cháoil ó do-chífinn
18 Do thuilfedh mo thonn uaille
da roisinn d’éis mh’anbhúaine
Í Eathach as aipghi mbairr
no maicne creachach Chonaill
19 Do rachadh glas dum gothaibh
eadruibh in bhar nUlltachaibh
a bharr rímhiadh ó Rosa
’s a chlann fhírfhial Aongusa.
20 A tréd ara ttig an táin
a chlanna díle Demáin
a aighthi re hucht bpudhar
a lucht aithne ar n-ealadhan.
21 A chomhladha ar cionn imnidh
a chlann eicsíoch Aimhirgin
a fhiodhbaidh Conaill a Clíaigh
a chrobhaing ionmhain Iríail.
22 A chlanna Cais meic Factna
as fál re hucht ngúasachta
mar chách ní sobhúana sibh
a shnáth comhúama an chóigidh.
23 A Meig Áonghais a hEamain
teallach do ghég ngeiniolaigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a núadhadh do-ní-si a-niodh
ar bfúaradh grísi Gáoideal.
24 Cuimnigh do deala dhamh-sa
réidhigh inn ón accrann-sa
a fhoghlaidh creach mhoighi Mis
dreach a-roile go roichmis. Misi ...
25 A Shorcha inghean Áodha
a dreach dhíllidh ghlórdáonna
labhair úainn eadrum is Art
teagbham úaibh ina annsacht.
26 Córaide inn ar th'aire
fúairi-si fáth d'abhaighe
do tháoibh ar thairius do shníomh
dháoibh ni háinius ar imshníomh.
27 Ionann a inghion Í Néill
luibh do fhóirfedh ar n-oilbhéim
gach guin dá gcailg do creidhe
do chuir chailg 'nar gcroidhi-ne.

332

Meisneach mhaith, a mheic Aodha
[RIA 540 (C/iv/1), 204r]
Maoileachluinn O Huigin cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Meisneach mhaith a meic Áodha
a choimsigh cerd bforráona
gidh olcrún gan tós da ttig
dot fortún fós ní fínid.
2 Na héirigh dot féidhm fortail
na fill fós ód(o) ghúasachtaib
a chara do chrú t'feadhna
go bfhagha clú cinneamhna.
3 Fromhtar (?) cumus do chroídhe
o fúarais úainn h'aimsire
do cinnedh a dheinimh dhuit
féchadh grinniol(l) a gabhaidh.
4 Iongaib[h] tú féin féchaid[h] ort
foillsigh feasda do crodhacht
ar aithleomhuin do fhréimh Chuinn
aithbheódhaigh céim an comhluinn.
5 Nir thaighlis a ttós h'áoisi
le reabhradh na robháoisi
a mhéin nach cinnte croidhe
céim mhillte do mhisnighe.
6 A laochdhacht lonn locus goimh
a bheóghdhacht go mbrat onchon
sgaoil fa chách ceil do ghubha

Roinn na Gaeilge, Coláiste Trionóide, TCD

ag an táth iondula.[sa]

7 Do réir na bhfrémh da bfuil sibh [204v]
cuimhnigh a Thaidhg t'fíoch n-aignidh
lé các druidigh go dána
tuigigh trath na tegmhala.

8 A mheanma gan mháoith gcroídhe
a chomseóir cherd bhfhoirghlíghe
le cruadhchás na g(h)abha[idh] glonn
sgaraidh le huathbhás n-eachtronn.

9 Síol gCeallaigh coisgfius foghuil
tuig a Thaidhg Ui Chonchabhair
meanma 'na ndeóigh ní dolaigh
na treóin f[h]errdha ór fhásabhair.

10 Da bhfaictha Fiacha no A(i)rt
*na measda Conn ar chródhacht
do cróluighe níor dhú dhuit
a thóruighe chru Chormaic.

11 Mór dot chuid ag cách a-nois
do dhruim dlíghe[idh] an *chonquoit
a cneisbhile nach cláon toil
do ráon meisníghe médaigh.

12 Coruide dhuit a dhénimh(e)
fúaruis foghluim fhlaithfhéinnid
ad h'arm rennfhaobhrach ngníomh nglan
on gerrsháoghlach briogh bíodh[bh]ad[h].

13 Féch ad thimcell tuigidh me
sgar rét f[h]iabhrus níos f[h]uide
bheith le fos súain *nó sirt[h]e
a-nois uair an fháoithighe[r].

14 Tógbhaidh do chlúas craith do chenn
tig turadh i ndiaigh díleann
a shníomh cáoilshleadh nar char olc
gabh mo láoidhedh ar laochdhacht.

15 Laochacht eile ar fhíoch ar brat
don Traoí ar tteacht na nGrégach
mór mbern nar fhaithigh re hágh
do dhearbh Aichil *an ogán.

16 Thetis mathair Aichil fhéil
do chuir da dhiothladh dhi-séin
is da cheilt ar chna na foghla
a mbeirt mhna da mhórchomhdha.

17 Teacht gan Aichil níor fheidhm dháibh
sluag[h] Grég gérb aidhbhsioch d'armáil
na re da romheanma in goil
fa he a ccathbherna gcosga[i]r.

18 A riocht chennaighe cherd bhisigh[s]
Ailifios tig go Thetis[r]
le hearradh nar fhaitigh de

Royal Irish Academy, Coll. na Tríonóide, TCD

do mhealladh Aichil úaithe.

19 Tug Ailifios *go ttám dhe
a measg gach earraidh oile
da bhreith leis san fhéidhm mur fhior
feil(i)m [is] ceis is cloidhem.

20 Teilgi(o)s a beart bhanda dhe
bedhgu[i]s comiconair (?) a chroidhe
táir a gairm gaisge[idh] goile
d'faicsin an airm ordaigh(th)e.

21 "Do-bhér mo congnamh catha
do Ghregaibh ngníomh ndeghratha
rém fraocharmaibh gríbhe gliadh"
ar *laochfhoghlaibh thíri Troighían[s].

22 Gach biothneimh da mbíodh 'na gcionn
gach gúais gach gabha coitcenn
mur sin do *dhiongmhala dhisi
nimh iorghal a haingcise.

23 Aichil céadna an chuilg ghonach
as tú a Thaidhg Ui Conchabhair
ar iomghuin chathfhoghla is cen(n)
ionnruigh atharrdha h'aithreadh.

24 Íath Cruachan an Ghréig ghairthe [205r]
tusa tuir a hionnsoigh[th]e
d'amhdheóin Ghall d'féghuin a holc
a n-am a heigi(o)n(n) d'furtacht.

25 Mar do dhioghuil Aichil oil
na Grégaigh sa Tráoi ar tosaigh
ós sibh cathaighe an chlú a ngoil
an machaire a-niu nertaigh.

26 Ionnsaigh mur Aichil oile
cách go horrlár n-iorghoile
ní fath omhain a reic ribh
ós cabhair dhuit a dheinimh.

27 Usaide seasamh mur sin
a Thaidhg meic Áoda meirgigh[a]
tug do doimheanma druim ribh
do chuing croidhfherrdha cuimhnigh.

28 Ós dearbh go bfuil t'fortún air
a gháol Gráine Ní Chellaigh
mur thóruighe san treibh ghloin
neimh cróluighe na cronaigh.

29 Biod cach ag casaoid oraibh
duit bérthur do bharamail
dot mhoghaibh aigh mur iarraidh
foghail cháich don chédiarraidh.

30 Mar thug Aichil d'íath Gréige
congnamh a meic Mairghréige
cuimhnigh d'agh is d'aontoil cu[i]r

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

réd gháoltaibh i gclár *Cruachán
31 Coruide dhuit misneach mhaith
a-ta do thuile deaghraith
go cáoin re sompluibh séimhe
dáoibh ag rochtuin rochéime. Meisneac ...
32 Meisneach (a) Thaidhg do threabh ’na cuing
inghean Fhéilim meic Dubhghuill
dóibh ní toradh (?) na[ch] tagadh (?)
an comh(g)a(i)r do chengladur.
33 Rath Róisi ingean Fhéilim(e)
ní guth dhi gan dáoirchréidhim
gan *me(i)d gan bheim gan mheabhail
do réir a gég(a) ngeiniolaigh.
34 Colla dha Chríoch clann tSuibhne
fúair sí ní sén rodhuilghe
don comhthúgadh as dlúigh dhi
fothrughadh d’fuil na huaisle. Meisneach.

333

Meisneach míleadh i mac Eoin
[NLS Adv 72/1/39, 29r]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Meisneach míledh a mac Eóin
a(n) laibh troda a ttir aineoil
mur ta a-nú os cheimibh chaigh
clú an treinfhir a ttegbhail.
2 E gan aithne ’na ait fein
mac Eoin tre echtra imchéin
lor do bhairc bliadhuin a-muigh
a ttraicht gan iarruidh eolaigh.
3 Ge bheth a n-ágh ’na n-ághaid[h]
ni ghluais feall ar foghladhibh
ni gniomh dob omhan air
siodh da mbloghad[h] ar biodhbaidh.
4 Ar bfaghail urchuir sleighe
ar mac eilte d’aireidhe
tug eala ’na suan ar sál
le treagha nár bhuail bradán.
5 Tús laoi ni druid o dec[r]uibh (?)
deireadh laoi leis rolentuir
beiridh féin buaidh an baire
giodh réidh ar uair n-edrana.
6 [Ní?] fed námha a chlu do cheilt
mac Eóin an aignidh orrdheirc
a threighe ag techt ler ngille
nert is féile is firinne.
7 Menic leis [a] laibh (a) ghoile

Royal Irish Academy, Col. in Ríonóide, TCD

*coshuamh berna baoglaighe
derg meoir a ghlaice gile
a [n]deoidh craite craoisighe.
8 I[..]gliadh a n-eruic a lu[i]t
ni bhía la gan echt orrdhuirc
torchuir le caolfhogha Í Chuinn
aonrogha compuidh chomluinn.
9 A sheoid ni luaithe i(a)na laimh
no cliar aisde da faghail
ceisd fa naire an olla[i]mh air
bronnaidh fhainne gan iarraidh.
10 D'ionnmhus nacan iarrann fein
acht dion uaisle ar oilbheim
beg maoineadh (?) a taisgidh táir
d'faicsin aoidhedh gan edail.
11 Meinic lei[s] traot[hadh] tachair (?)
ar *aisrais Chuin[n] Chédchathaigh
annamh learg achaid[h] nach bhfuil
derg o cathaib[h] í Chobhtoidh.
12 Tus ruagtha ni deachaidh dhe [29v]
deiredh deabhtha ag mac Móire
se go huaimh re fheinn uile
gur bhuail béim a mbrosdaigh[e].
13 D'éis chuart[a] a gcerdchuibh goile
ní locann lar n-iorghoile
Domh[n]all 'na céimibh do clecht
gan comhlann einfhir d'eitecht.
14 Biaidh aca tar chruas gcenduidh
deoch a n-esgruibh óirchenguil
gaol ar fionuibh an fhuinn-si
daor don rioghfhuil *Raghnuilluil.
15 Tú fein is t'ech is t'ara
lor leat d'fagail iomghona
ni baoghail do chru Cholla
is tu ad t'aonar etorra.
16 Braighde ad geibhil uair oile
biaidh a bheitir gaoladha (?)
tug sin giall ad gheibhil[s]
ar sir cliar dod chimidhibh.
17 Clann Raghnuill na ruag ndána
u[i]m[e] a trath [a] tegbhála
os sibh thaobar (?) cru Cholla
clu do laochradh Liatroma.
18 Fa ol ni honóir chuimsi
as gnath don fhreimh Raghnuil-si
tosach failte fine Chuinn
slainte d'ibhe go hursuinn.
19 Tu [a] Dhomhuill *d'forrnadh orra

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

ferrde iad la [a?] leatroma
do médaigh clú d'aicme Airt
tu ar do maicne gan mhalai[rt].
20 D'eis do bhronnta um gort nGáoidheal
sgoil a n-iomad iolmaoined
tug do chlú ceim fan ccruinne
's tu ag cleir ad comhnaidhe.
21 Ni lughuide roimh rabadh
gaoth da méd ag mosgaladh
d'eagla chean um chuan Mhuile
gan suan ar fer bhforuire.
22 Dod t'foghlad[h] (?) ar fath omhuin
a tteilg ar áth d'urchuiribh
sledh seng dod dioth on deabaidh
le bhfrioth geall o Gaoidealaib[h].
23 Cuirter libh [a] laibh (a) sealga [30r]
gair[m?] ar chonuibh ceinnderga
do-beir agh uaibh gan oighidh
damh a huaimh dod ionnsoigh[idh].
24 A ccait(m)he uaibh dod fogha[ibh]
ag cur air ar ealtadhaib[h]
sledh od bhois san rian romhibh
'na crois a bfiagh fuaramuir.
25 'S gach traigh le tighi a ttairthe
lín a bfeidm a bfolm[h]uigh[th]e
an tes mur do tiomcuil tonn
es nocha(a)n iomc[h]uir abhann.
26 Iomdha ar lar do lis caithfigh
laoich [a] hinnsibh anaithnigh
fada an uain do bhi ad bruigin
ri nac fuair [a] fhia[f](th)ruighe[idh].

334

Mionn saoirbhreithimh Sior Doimnic
[RIA 5 (23/D/4), 171]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Mionn saoirbhreitheim Sir Duimnic
fear beirthe breath n-eagairnglic
do reir dligheadh is cirt caoil
air sligheadh nirt is neamchlaoin.
2 Fear nach beireann breath le baidh
do gradh carad(h) na compan
nach lean caimsligheadh tar ceart
's nach fear aindligheadh d'eisdeacht.
3 Fear [mhui?]neas da lucht leasa
cosg uilc moradh maitheasa
connmhas reacht siochana sin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is ceart dioncora an *dligheadh.

4 Bith gur caol leightear leis
gach sgeal nua do-ni d'aithris
as reigshlighthe cairte a cuing
eindrithle is aipche d'fhoghluim.

5 D'iarthar Muimhneach ge diobh do
ionann connmhus ceart riaghla
diorga a toile do tuig sinn
is don chuid oile dh'Eirinn.

6 Inntleacht abuigh scrúdta sgeal
tug gairm don giuistis Sairséal
iomad céille is cuimne te
is *faighle seime snoighte.

7 Goirthear Giuistis dligheadh dhe [172]
Sir Doimnic airdchéim eile
maith gairm gach gineamna ór ghin
Tighearna a ainm ar uairibh.

8 Fiú a gníomh a ghasdacht a gus
fiu a chomhacht ó King Séamus
airde a fhoghluma is hí glan
na tri hanmanna d'iomchar.

9 Gidheadh tráth nír thuigthe dho
nach hé an spioruid naomh neamhdha
*tug glanrúnte gasda glic
blasda deaghmúinte Doimnic.

10 Reic a theasda tuillidh sí
Siobhán tuigseanach tuirrí
gnúis faoilteach niamhghlan narach
sgaoilteach ciallmhur chonnmhalach.

11 Mór a hainm ni hiongnadh dhi
fiu an ceile fáithghlic fuair-si
fiu gach siol flatha da bhfuil
a díol ratha da rochtain. Mionn ...

12 *Beag mo spéis a mbriathruibh móra
ni maith caint na curthar lé
an bladhman na téid a ttarbha
do-ní an tréan 'sa t-anbhfann é.

335

Mise, a Aoimhe, ar h'inchaibh féin
[RIA 1134 (23/E/29), Book of Fermoy, 146]
Mael Muire Mag [C]raith cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Misi a Aimi ar h'inchaibh fein
logh damh da ndernaind mícheill
ac sud m'anmain ar h'inchaibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

grug amhlaid ni hinimchair.

2 Fuilngim mu breatha a bharr trom
gabhuim na cinta chugom
lor ar gabh d'omhan t'ollam[h]
loghadh dhamh 'na ndearnomar.

3 [...]b fich d'[fh]eirghi ruind
ni ghealla h'indlach oruind
[....]agan do mhoidi a-mach
is moidi is egal t'indlach.

4 [.....tai] gan tuicsin damh
doilghidi leat-sa a loghadh
[.....]ocht ar do doirr
a fholt duallagur dighoind.

5 [.....]fa tos (?) nir tárradh
doilghi a-nois hi d'athbhadhad[h]
[.....]earg ni suail in leighes
an fhearg in uair aibeighes.

6 [.....] teagh
um cenn tosaigh a theineadh
[...] am da moighi a-mac
ar doiri loindredh lasrach.

7 An? [.....] beag bis a clar
brisidh ass artrach imlan
[do g.....] clair cuirfidh
trath cair muna cabhuirthir.

8 Mar a[.....] a rosg corr
tosac tuile na habhond
[.....] fa dheoigh di
do duini nach treoir tairrsi.

9 [.....] o thineadh (?) h'ferg
ag eirghi dhi a dreach mínnderg
[.....ser]g as eigen anadh
do legeadh h'ferg d'ardaghadh.

10 [.....] e himpogh sine
lucht long i llaibh ainmine
[in] uair nac inmara in muir
re huain imrama d'ethruibh.

11 [Tar....bi]s grian ag gealad
teigemad h'ferg d'issleaghadh
d'eis na doinindi is dual soin
snuadh soininni arna sínoibh.

12 Dochaidi gu ndingne shidh
a cluinim ort dom im[sh]nímh
rún do carod ot-cluine
a ur rabog righnuighe.

13 [..is?] moidi red mhalaig[h] reidh
da ndernmais dia do mhicheil
[...] o caruid a chiabh na nglenn

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

mar ghabhuid fa fhiad nEireann.
14 Iarla h'athair-si a ucht glan
iarla athair do mhathar
slicht [a?] riadhla fuil ort-sa
fuil da iarla indott-sa.
15 Glegar duit iarla Ulad
t'athair iarla Desmhumhan
a ciabh minreidh fhiarglan fhi[o]nn
is d'firreimh iarlad[h] nEiri[o]nd.
16 T'at[h]air ar earrla cornrach
leath Mogha is e a n-enchodhnac
do treig leath Mogha ar muirn-ne
da mbeth t'fola ar ecuimne
17 [.ait..]guinn san achaid[h]
leth Cuind crich do shenat[h]ar
in clar niamda glennach glan
fa teallach d'iarla Ulad.
18 Burcaig Tuaid ac tecmail ruinn
Geraltaig tes gar togruim
[...]l in da rigrad rut-sa
linmar do caer carut-sa.
19 [C...ana..] coindeghtha sind
do chondac fein nach [fa]gha[.]nd
maith ar slicht namad do-ni
[.....] ar hicht a Aimi.
20 Dala an eoin legar a luing
d'fis digi [.....]
cuairt fhairsing do fhuair an t-en
ar glaislinn fhuair [.....].
21 Cuairt an eoin ni haister gar
ag iarraidh aiti a n[-anadh?]
[...] sibhal suail a tarbha
's nach fuair inadh ana[mh]n[a]?
22 Tir in trath nac tarla air
tic an t-en d'aithle a sibhail
[.....] ar an aird cedna
tar ramhuir n-aird n-aigenda.
23 Dob e imthus a asdair
an t-en on eadh targastair
cuairt ar an ngoirmlind mbailbh mbuig
san cairb gan toirling ta[...].
24 Mar sin tanac-sa dod tigh
d'eis cuarta gacha cuigidh
ag iarraid dína ar do dhoirr
a milla ciallaidh chunoill.
25 Aguib no gur eirigh grug
rím mar nac roibhi a-nallud
cert let-sa in breath fa mbeind-si

Roinn na Coraigh, Col. na Tríonóide, TCD

mu breat-sa at leth leig[im-se?]
26 Da ndernaind ar do dreich gil
taem letruim a laidh eig[in]
ni har tuar in taim leattruim
laidh uaim a n-aineac[lainn?].
27 Neamhuaibreac in breath bere
laidh a n-eruic th'oir[bheire]
beim nochan uamhan ort-sa
fa n-eir d'uabur indot[-sa?].
28 Da cinn Dia duit a dreach glan
na tri fremha o bhfas ua[bhar?]
ni huamain a abra bog
tre dhamhna an uabu[ir innot?].
29 T'uaisli os cách agod cur-sa
fáth eirghe dott ua[bhar-sa?]
sí féin a gegabra glan
ceddamhna o n-eir a[n t-uabhar?].
30 Tuc in Coimdhi in dara ceim
buaidh crotha ar do cnes [mínréidh?]
o earla tais gu troigidh
do meanma lais leath[naighidh?].
31 Treas fochain uabair gac ain
a Aimi an earla geg[aigh?]
do lín rath saegalda sibh
a sgath caemhanda c[.....].
32 Rath mor is med do toictheadh
t'uabur ass ni h[ad...]
gac céim a reche don rath
lethe dod cheill ga c[u...].
33 A cenn in da rath remhe
do rath celle coimseige
an cethromadh a chorp geal
lethmolad ort ní h[eagal?].
34 Na ceatra ratha a rosc corr
fuair tu in toice [...]
lan Eri bu-dheasta dhi
measta ret t'feli a Ai[mi]
35 Do laemdacht a leca glan
mein muinntiri do ma[thar?]
neimnignad an ni ro-d bog
deighfhidhbad mar hi u[mad?]
36 Ceinelta in craebh danat cnu
Caitilin do-clos [a morchlú?]
a fholt saer fa croinn ceinil
an coill dan craebh C[aitilín].
37 An mein-sin ní mairg ar fhas
urdraic maithes meic T[homás?]
gnai t'feli ac leabrugad leis

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

meabhrugad mene [Muiris?].
38 Ac sin laidh dod lecuin deirg
nac bindi blogh dorg[...]
do shodh shitha d'aemadh hi
do maeladh t'f[ícha a Aimi?]. Misi ...
Misi Domhnall o Le[ighin?]

336

Mithidh damh dul re seanchus
[RIA 303 (23/L/37), 100]
{Maol Domhnaigh Mac Bruaideadha}
[Rannaíocht Bheag, Ógláchas]

1 Mithid damh dul re seanchus
do dherbhus Sailthair Chaisil
ní bhiu gion gur(a)b olc mh'aithne
ni as faide 'na haghaidh.
2 Salthair cheinnlitech Chaisil
bheith 'na haghaidh is amhghar
eolach an tSalthair shuaithchnigh
eolach í ar uaislibh Eirenn.
3 Eólach mé [i] snaithe seanchuis
níorbh í an cherd-sin mo chédcherd
air ngineallach bfear nAlbhan[s]
et bhfear n-armghlann nÉirenn.
4 Dréim díobh ar shliocht na cColla
fa hiad rogha gach búighne
os dreim d'uaislibh an íarthair
ó bhfuil Diarmuid Ó Duibhne.
5 Fá mac do Chorc Diarmaid[s]
fuair sé diamhair is doghraing
Donn fá mac m[e]ic dó Chairbre
fear nar iar cairde comhlann.
6 Corc níor oirches a dhermud
biaidh a shenchus ar cúimhne
(i)s earnuigh Mumhan nách cainter
ó raithter Corca Dhuibhne.
7 Luidhech allathach nosmhur
laoch maith do mhoradh daimhe
ri(gh) Mumhan terc a shamhuil
dob athair do Mhógh(a) Lámha.
8 Ri(gh) Mumhan na nderc ccaomhghlas
dob é an fer saorghlan suighech
Cairbre croincheinn na ngealghlac
dó róba degmhac Luighech.
9 Mac Eidirsgeoil rígh Gaoidheal
nar chuir aoinfhear ar cairde
Conaire do b(udh)'fearr righe

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

dó fá mac fire Cairbre.
10 Cairbre finnmhor an deaghfhear
ná fuair dá oinich náire
ri(gh) Mumhan an déad daithghil
e d[o]b(udh) athair dó Cairbre.
11 Cairbre fa mac do Dhaire [101]
dornnmhar rí(gh) Maighe is Mumhan
ag sin díbh mar do dherbhus
bladh do seanchus na gcuradh.
12 Ag sin seanchus Uí Dhuibhne
le ar dhoilghe ceim ar gculaibh
Diarmuid donnfholtach déadgheal
nar leig éigen 'na dhu(i)thaigh.
13 Ó Eidirsheoil fuair mise
eolus nach misde dhamh-sa
gabhaltus na bhfear bhfleaghach
go hAilín creachac calma.
14 Ceithre rígh do ghaibh Mumhain
uim an stuaidh ngusmhair ngegdha
is trí righ do ghaibh Fodhla
uim Ailinn chródha chéadhna.
15 Oighre an mhoirsheisir Miledh
cosboir dilios gach daimhe
do bhraith é ar sliocht na ndeghfhear
eision a leith a laimhe.
16 Mithid damh(-sa) techt tar Dhiarmuid
a luadh giodh decair linne
mar do bhí dhamh ua Carraidh
dlighim bheith amhlaidh rime.
17 Feasach me ar bhas Ui Dhuibhne
ní doilghe leam lean eile
do mharbh sise an t-og armghlan
's do mharbh-san an mhuc nimhe.
18 Seanches is uaisle a leabhuraibh
craobh sheanchuis is leór gile
deghshiol Eabha is Adhaimh
suas go mathair Righ nimhe. Mithid ...

337

Mithidh domh dul d'fhagháil m'fhiach
[RIA 11 (E/iv/3), 195]
An fer céd(h)no cecinit (Tadhg (mac Dáire) Mac Bruaideadha)
[Deibhí, Dán Díreach; date (1619) in quatrains 6 and 7]

1 Mithid [domh] dul d'fáighil m'fiach
ó shíol Éimhir fhóid *sheinChliath
*dream mesardha nach meall crodh
*drong gan esumhla d'ollamh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

2 Béarad céadchéim don Charraig
oirchios an céim cédghabhmuid
budh ímtheacht go sédaibh sin
m'féachain ar fhionnchloinn[r] Éibhir.

3 A-tá cúis fá ccuirter leam
cédchuaird Chairrge ó cCoinneall
cúis gan foilceas an fios-sin
cúis is oirchios d'inn[i]sin.

4 Géag is giorra o do ghabhlaigh
do chineadh Bhriain bhriatharghloin
dream 'sa mbreith[r] ar mín Mumhan
a-mach[r] o thír Tuadhmhumhan.

5 Bunadh don chraoibhghéig chubhra
Conchubhar *mhic Mathghamhna
bráthair deighBhriain fá mer móid
do gh[e]abh a ngairbhghlia[i]dh Geróid.

6 A-tá ón ngliaigh 'nar ghabh soin
dár chomhainm Cath an Aonaigh
a trí ar leith féagh re fiadhain
dá chéad go leith láinbhliadhain.*

7 An bhliadhain dá sloinnim so
fá hé innte aois Íosa
míle trí chéd seasga(dh) go sé
feagh é feasda ré fíne.*

8 Ó thriath Tuadhmhumhan a-nois
gus an mBrian-soin flaith Forgais
ní fhuil acht seisior fial fer
gan Brian gan eision d'áireamh.

9 Ó Dhonchadh mac Briain Duibh[s]
trí chúpla is eision *errthuibh
géag neartmur is trom toradh
sa seachtmhadh corr Conchubhar.

10 Clann(a) sin fá dána a ndeacraigh
Mathghamhuin mac Muircertaigh
mar gheall do dhaoirse Danar
an Brian caoin-si is Conchubhar.

11 An ghéag is rogha ar phréim[h] mBloid
'sa[n] ghéag a-nuas thig ón cCarraig[as]
ríomh libh lé ar-oile a n-aithre
ag s(o)in goire a ngabhlaighthe.

12 An fhírphréimh iomlán fhosaigh
ór chinsiod na géaga-soin
a ccur a ccóimhthes cuimhne
budh oircheas dár n-obuir-ne.

13 Cuid d'fios innmhe a n-áirdghéag ghloin
cuid éigin *d'aithle a ngníomhraidh
d'aithne a n-anma[nn], d'aithne a nert
tabhram budh aithne orrderc.

Roger O'Gráda, Col. na Tríonóide, TCD

14 Mathghamhain fá solas sin
gé tá a-niugh dorcha(dh) ar dhaoinibh
mur neull bhíos 'na bhréagbhrat rae
do chédghlac cíos na conntae.

15 Do thógsad maithe Muimhneach
ré hucht Bhriain bhorbbhuidhneach
leis *mór churadh na ccniochtccath
'na rígh Mumhan Muircertach.

16 Athair Mhuirchiortaigh mheanmna [196]
Toirdhealbhach an troimtheaghlaigh
tréinleomhan na ccath ó *Chliath
léar séleonadh (?) rath róidBhriain.

17 D'feidhm Toirdhealbaigh tug troda
cédchlocha Chlúain Rámhfhoda
fedhm saothrach ar a lorg leis
aolchloch na n-órd a nInis.

18 Tadhg Chaoluisge [a] athair soin
do chuir san Éirne ndeacraidh[a]
fa dua chaoimhNéill mur cheannach
dár fhéuch[r] éinléim Éireannach.

19 Conchubur tréanathair Thaidhg
mac Donchaidh Chairbre chréachtghairg
cur neamhchóra ar neimhní a bhreth
deighrí(gh) merchródha Muimhneach.

20 A mesg deaghoibreach Donchaidh
ag soin cuid dá chomharthuibh
fá threabh glainfheisdigh trá(th) an tegh
mainisdeir do-lá do Luimneach.

21 Athair Dhonchaidh Domhnoll Mór
árdfhla[i]th Mumhan (a)n[a] mhórshlógh
slat oirbertach ós f[h]íodhbaidh
mac toirbheartach Toirdhealbaigh.

22 Rí(gh) Mumhan na ma(i)gh *n-éisgfhliuch
tug a-mach mór mainisdreach
cenn r(í)o(gh)shló[i]gh é 'na aimsir
a n-onóir Dé an Domhnall-soin.

23 Toirdhealbach nár thréith uga
mac dealbhchorcra Diarmada
rí(gh) Mumhan gach nduine díobh
cuire nárbh umhal d'[fh]oirbhríogh.

24 Toirdhealbhach oirrderc oile
mac Taidhg, mac Briain Bóroimhe
rí(gh) Eirionn ré haga(idh) sin
ar aba(dh) a ghé(a)rr[e]ann ngaisgidh.

25 Is é Toirdhealbhach mac Taidhg
rí(gh) é ar Éirinn úraird
céd-Ó Briain do-fuair an t-ainm
buaidh [i]na dhiaigh ar ndeghairm.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

26 An Brian-so ó sloinnter síol mBriain
do sgrios d'féin Temhrach troimchiaidh
fá liaigh deighfhis é d'Éirinn
do leighis sé a seinchreidh[i]m.
27 Do sgrios troimchíos Danar dibh
tug cíos críoch oile inntibh
do shaor a huaisle ar fhóirnert
dá thaobh fuair sí foghairneart.
28 Na gluinne suas ó Bhrian Bregh
go hÉimhior fionn mac Míleadh
do biad 'na gníomh(a) adhmhal d'fior
ríomh anmann ná n-innmheadh.
29 Cuid dárbh innmhe an Éire óg[h]
cuid díobh dárbh innmhe a húrmhór
cuid dárbh innmhe Mumha Mís
innmhe is lúgha ara luighdís.
30 Cuid díobh do deaghroinn Mumain
seal ré a mbráithre biothbhuna[i]]dh
a ccenn breise do bhuna[i]dh
dream a ttreise a tTuadhmhumhain.
31 Gach cnuas mur an ccrann ó ttig
na croinn torthacha ó ttáinig
maith Donchaidh nách docht im chrodh
do thocht *orra ní hiongnadh.
32 Ós me fer a bhfiadhaigh sin [197]
lorg fíre fola hÉibhir
cóir fíorlorg do dhéanamh dhe
féinnidh míonbhord na Maighe.
33 Dúthchas fíre na foirne
a-tá ag teacht 'nar nDonchaidh-ne
méd a n-innmhe[adh] dá bhfuigheadh
ní dhiongnadh gan dersgnúgadh.
34 A-tá a nDonchadh deaghmhac Briain
ferdhacht na fóirne a bhfeidhmghliaigh
a bhfonn nemhdhoichte a n-ám óil
ann is derlaicthe an deaghshlóigh.
35 A-tá a ccaoines ré caraid
a n-easgcaoin ré heasccaraid
a-tá t(h)oirbheart an tsleachta
(ann) is [a n-]oirbheart aigeanta.
36 A-tá a bhféile ré *fileadh
a-tá a ttoirmeasg *aindlightheadh
gníomh gan bhaos dá n-oighreacht ann
do riar[r] fhóirnert d'aos anbhfann.
37 Táinig(h) dhe a ccur a ccuimhne
d'éis anéaga ar n-obair-ne
ní mairg craobh dán cnuas an fer
budh suas don ghaol ór ghein-sen.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

38 Fuair dom cheird comaoin laoidhe
ní ferr *ionnmus iolmhaoine
ón buan a r(a)e is réim a shean
mun budh fiur é ní bhfuigheadh.

39 Díon anmann na ngéag ór ghein
mur thig dá shaoirdhreich shoilbhir
a róbhladh do budh díon dhi
a dhíol dá bhfuigeadh d'innme. Mithid ...

40 Lorg a haithredh ní heol damh
inghion tséimh Sheoirse Tor(i)nton
drong merghall nách clé a ccathbhord
neamhdhall mé ara mátharlorg.

41 Fine Léiseach na lann nglan
barr ré cédrae céd mbliadhan
a-táid an cuaine cennso
san bhfód uaine Éireann-so.

42 Cuid díobh 'na ndeaghbhráithribh ríogh
cuid oile a hucht a maithghníomh
le huaim a ndeaghfhonn derbhtar
ag buain f[h]eronn d'Éirionnchaibh.

43 Caoinios glóir gan gnás mbréige
tréidhe molta Mairghréige
ní tréidhe dochruidhe dhi
féile, sochroidhe, is séimhe. Mithid ...

338

Mithidh sin, a mhaca Mílidh
[RIA 743 (A/iv/3), 759]
Ferghal Óg Mac an Bhaird
[Séadna, Dán Díreach]

1 Mithidh sin a mhaca Mílidh
mithidh dháoibh a nderna sibh
fá íath gcnóigheal na gcíoch ttana
dár fóireadh críoch Logha libh.

2 As fada an treimhsi a-tá Banbha
fá breith nDanar díochra an bron
go ttug sibh congnamh dá chéile
dar cobhradh libh Éire ógh.

3 Ni bheid(h) Goill a ngar do Luimneach
na fa Lifi na lerg ttais
ná fán mBúill tre bháidh bhar gcomhgháoil
ná um Mháidh ná um ghormDaoil nglais.

4 A Gháoidhiola na ngreagh seangbhras
sáoraidh Banbha na mbrugh gcorr
cía dhíbh lé mberthior a bhuidhe
tír chleithgheal na nduille ndonn.

5 Beiridh uile a aicme Chormaic

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

cuid da bhuidhe le baidhbh Chró
fairche tháoibhsheang na ttragh líggeal
clár Ráoilionn do dhidion dó.

6 Cóir a bhuidhe do breith ris-[s]ion
rí Mhoighi Luirg na lerg tte
go dol agaibh ar íath nÉimhir
clíath chogaidh do dheinimh dhe.

7 Mac Díarmada dreagan Búille [760]
do bhúaidhrigh íad táobh re táoibh
lea dheirc mhoill as beirthi a bhuidhe
Goill Eithne Goill Mhuighi Máoin.

8 Tug fúath eachtrann fá íath Medhbhe
a mheince um Bhúill na mbárc ndonn
's a ró díbhearg fán Múaigh mhaigrigh
gruaidh mhínderg do thairngir tonn.

9 Do chaithedh lá láimh ré Suca
ag seilg Dhanar dá dheirc chuirr
do chaitheadh bláth thoighi Túathail
tráth oile fá Chrúachain Chuinn.

10 Do cheól ghnáth ar ghothaibh fúairshreabh
fada do bhíoth barr na ngég
cían do bhíodh i mbothaibh cáoilshleagh
ag díon shochair Ghaoideal nGreag.

11 Do fhuilngedh gér anba an mheisnioch
mac Díarmata dídion ceall
fa fhairche mhín ttoinnghil tTúathail
shín oighridh i mbrúachaibh benn.

12 Do ghnáthaigh re glúasacht cogaidh
Conchobhar óg innlius cheilg
sreabh reóidh & teach gan tuighi
is feóil chreach is luighi ar leirg.

13 Mar sin ré Gallaibh ghuirt Lonndan
lámh fhuiltioch dá n-órthar cuilg
fairche ghlan na bfiodhbhadh bfillte
do sgar fionnmhagh linnte Luirg.

14 Gur ghabh Magh Luirg na learg ttorthach
tamhan cumhra chnuic na Níall
do sgáth an anshóidh ní adhair
gnáth rodhóigh a roghain ríamh.

15 Mac Díarmada na ndúas líonmur
do lúach an anshóidh fúair sé
do thil clár na bhfionnshroth bfoirfi
lám ré bionnLoch coirmthe Cé.

16 Tug beódhacht is begán tathaimh
's tug a bheith i mbennuibh sliabh
do fhleisg Lúain is-teagh a toradh
búaidh ar fer na roghan ríamh.

17 Mac Díarmata díoghbhódh eachtrann

Royal Irish Acad. / Trin. Col. na Tríonóide, TCD

íobha[idh] fesda fíon a hór
fa Bhúill sgathaigh na síon soirbhgheal
rachaidh díol san oighredh dh'ól.
18 Beid ag úaislibh innsi Luighdioch [761]
leabtha donnsroill 'má dheirc gcuirr
do thsíor is na leapthaibh lúachra
bús díol d'Eachtair Chrúachna Coinn.
19 Seanchas díamhair dán lé ceólcrot
mar cheól codail clechtaidh sé
d'úa na ríogh ó íathmhuigh Earca
díol a mbríathraibh ealta é.
20 Seóid Dhanar ag dol 'na éraic
d'éigsibh cáigh ó chúil na ngég
i mbotha[n] díamhra ar dhíot[h] máoinedh
do bhíoth gríangha Gháoidheal nGrég.
21 A n-agaidh úaignis an fhásaigh
iomad curadh do-chí sé
lén gnáth rinn chatha do chongmháil
fá linn Lacha collbháin Ché.
22 Go deimhin as dáor do cheannaigh
críoch Bhúille fa mblaghaid cuill
tug a dhonnchrú uile uirrthi
onchú mhuighi cuirmthe Cuinn.
23 Mac Aibhilín na n-écht minic
fá mhagh Luirg na linntedh tte
fúair go fóill a chneas do chréchtghuin
doigh i ttreas ni dhentair de.
24 Conn Cédchathach coilén Teamhra
tugadh amhlaidh iolar cnedh
ara chorp fa fhíadmhagh nÉirionn
gort niamhghlan na ngérrenn ngeal.
25 Téd an Conn-soin tar ceann Éirionn
iúl fíre dá bfuil an sdair
go Magh Léna a n-agaidh Eóghain
gabhair sgéla eólaigh air.
26 Téd a n-aghaidh Eóghain Taidhligh
tríath Éirionn le húathadh slúaigh
go slios brúigh lechtMhuighi Léna
nertruire mhúir Énna d'úaim.
27 Cóigedh Uladh na n-eas líggeal
is Leth Mogha na múr réidh
do thairg úaidh a gcomhaidh chatha
do roghain shlúaigh Locha Léin.
28 "Ní gheb úaidh" ar Eoghan Caisil
"comha acht Teamhair na ttrí ffer
tulach fhíonur na n-eang n-álainn
badh lem ríoghmur bhánfhuinn Breagh."
29 Conn Cédchathach na gcúach ngreanta [762]

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

do ghabh fírferg fíor an sdair
longphort engbhlaith an fhuinn gríanaigh
fan seanraith chuirr d'iarraidh air.
30 "Eóghan Mór ge mór a aignedh
ní fhuighi feasda" ar flaith Lúain
"d'Éirinn shriobhghloin do tháoibh thoile
iomdhaidh láoigh na hoighi uaim."
31 "Do-bhér cath dá chrobhaing míleadh
ar Mhagh Léna a los a uilc
ós é as áil lé hEógan échtach"
do raidh leomhan crechtach Cuilt.
32 Ar Mhagh Léna an lá arná bhárach
brisder cath ara chúl fann
ua na ríogh nar lag a lúaghal
do-rad díol san úabhar ann.
33 Bentar san gcath-soin céim súaithnidh
seanchus fire fúarus ró(r)m
leómhan fá teann ar gach teghlach
a cheann d'Eóghan mhedhrach Mhór.
34 An égoir re hairdrí Banbha
do bhí ag Eóghan anba an ró
da bhfúair a ghoin fá Bhóinn mbionnfhuair
do-chóidh soin ar diombúaidh dhó.
35 Gach drong ré ndéntar an égcóir
ar an eacht-soin d'iúl na súadh
ní bhí orra dhíobh ré deabhaidh
orra do shíor berair búaidh.
36 Rug mac Taidg tren ar a naimhdibh
do nós Choinn na gcupadh sean
ré hathaidh a hucht na cóire
nathair ó phurt Bóinni Bregh.
37 Do dioghladh leis lór do mheisnigh
mar mac Úna dhár fhill dair
éigni Bearbha bláth na ndaighriogh
a nderna cách d'ainbhfíor air.
38 Magh Luirg ní lémhadh í d'féchain
eccóir Ghall ar a grúaidh nduinn
dóigh ghnáth dá ríoghaibh do-roinni
do dhíoghail blath chloinni Coinn.
39 A hucht úaisle a hucht na córa
do chuir mac Taidhg na ttreas ndían
fían Ghall ó choimhéd a chríche
barr na bfoighég bfíthi bfíar.
40 Mac Diarmata dúsgadh faladh [763]
fúath a chríche fá chath nGall
do chuir cáomhthach rúin na ríghe
áonchloch chúil na tíre thall.
41 Táobh seda da slechtuid biodbaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bas fhuiltioch dá n-ísligh sreabh
croidhe is egal eidir armaibh
dreagan mhoighi bharrghloin Breagh.

42 Seabhac Crúachna na gcráobh lúbtha
leannán Uisnigh an fheóir chuirr
bláth an cháomhmhuighi um Bóinn mbiligh
aodhuri slóigh chinidh Chuinn.

43 Beithir lúthmur lingios deabaidh
dregan échtach fhuil[n]gius goin
ursa ghliadh mhíonmhoighi Mhedhbha
grían ríograidhe Temhra thoir.

44 Conchobhar óg aignedh fáoilidh
féithlionn chengail Chnuic na nGíall
báthadh coibhdhen brúaigh na Búille
grúaidh toinngheal as núidhe níamh.[x]

45 Abhall chumhra do choill úasail
ingean Domhnaill dhíolus dúain
clechtaidh fodhail a séd sídhe
gég thoraidh an tíre thúaidh.

46 Té[i]d ó éicsibh innsi Cobtaigh
a gcrích Connacht na gcolg ndéd
do thuill Mairgrég ós dá mháoidhemh
pailmghég do choill Ghaoideal nGreg.

47 Leaca táoibdearg nár théidh ollamh
ingean Móire ó mhúr Dhá Thí
a theisd ag dol fan trían thallan
ag ríar sgol ni hannamh í. Mithid ...

48 A bheith fó chríaidh do chrá(a)idh meisi
Mag Aonghusa nar ér dháimh
nach trúagh mo leannán 'na luighi
beangán ó chúan Mhuighi Máil.

49 Mo dhara céile i gcrích Chobhthaigh
Conn mac Bríain lé mbronntáoi fail
tesda slat bhosghlan na Búille
nach dorsan brat úire air.

50 Ceileadh doirrseoir Dhúin na n-aingiol
gach olc dhamh dá nderna sí
mé dá toil congmadh an cholann
foghladh mar soin oram í. Mithid ...

339

Mithidh th'athdhúsgadh, a Aodh

[NLI G 167,164]

[see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 48]

Uilliam Og [Mac an Bhaird] bheós do chum so don fhior cheadna.

[Deibhí, Dán Díreach]

Royal Irish Academy Col. na Tríonóide, TCD

1 Mithidh th’athdhúsgadh a Aodh
féch trath thort ar gach entaobh
nach nár libh innel an fhuinn
sibh i n-immeal chlair Conuill.

2 Gabh iomad éir[i]gh(e) a-mach
córa dhuit colladh corrach
an clar oraibh da *egra
tobhaigh madh áil th’airleagadh.

3 Eirigh tráth tógaibh do cheann
daingnidh do dhoire gérrean
nocht do rélta móir meirgi
*ar cóir denta díbheirgi.

4 Ni as faide na bi i *mbriocht
srol maoth far mheinic aithios
a chlódh as gad im ghaineamh
lór a fhad gur hosgailedh.

5 A mh[e]ic Mághnais ni modh linn
a fhad a-taoi in bhar ttoirrchim
a chrithir do chaoir curadh
dhaoibh as mithidh músgaladh.

6 Mairg tug le gríosadh do ghruadh
oraibh éirghe as do chédsuain
a chraobh dar ccoill-ne as fosgadh
mas doilghi a Aodh th’athmhosgladh.

7 Acht go ccluine a ccanaim ruibh
ge trom do thoirrchim coduil
an úaisli bhéraidh bedhgadh
geabhaidh uaim-si an t-imdheargadh.

8 An aithne dhuit dáil na ccon
a Aodh na heisd red bhrosdadh
feirrde cú maith a máoidheamh
ni maith clú gan craobhsgaoileadh.

9 Biaidh fad thoirrchim re treimsi [165]
da ccluintéa-sa a ccluinim-si
do ghruadh ar ghné na corcra
suan mar é ni hionmholta.

10 Do budh mó na mithidh dhuit
a mheic Mághnais mhúir Cormbaic
musgladh as bhar ttoirrchim trom
brosdadh it oirchill agom.

11 Aicme Cheallaigh Chláir Mhaine
is saorchlann Bhriain Bhóraimhe
decair tocht uadh go hiomlán
fád shuan ort ag aithiomrádh.

12 Síol nGearailt na ngruadh solus
os libh iad gan amhorus
beir beadg as do shásadh suain
fásadh th’fearg et th’anbhuain.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

13 On cco[d]lladh trom-sa a-tá ort
fine Ruairc, rioghradh Connocht
guais nach biadh ot bharr coduil
sa[n] rann riamh a rabhadar.
14 Ni as faide na biodh do bháidh
re siol Neill nós an leamháin
cuir an t-each ar bhar n-aghaidh
do leth don fhuil Eóghanaidh.
15 Do-chuala ar Chonn mac Úna
sgél as ádhbhar iontnúdha
fa bhrosdadh druadh mar do dhligh
fa thuar cosga(i)r don Choinn-sin.
16 D'ionnsaigheadh Cuinn cian o shoin
tig file Feilim Reachtmhair
turus do uaisligh fonn Fáil
Conn an uair-sin ag iomáin.
17 "Creid uaim a n-innisim dhaoibh
gén go n-aithne mé a mhacáoimh
acc so an té or sloinneadh sinn
as mé dob ollamh d'Féilim."
18 "Mo ghríosadh as gabhtha dhuit
a Chuinn na ccéimeann n-orrdhuirc
as diombaidh ar mbuaidh do bheith
do-chuaidh an iomain d'éinleith."
19 "Dhuit as córa clár Temra
da ttuigthea as dál dóimhenma
a bhranain Temhra na ttreabh
gabhail sealbha bhar sinnsear."
20 "Na fuilng(e)[i]dh flaithes Temhra [166]
ag féin Laighen loinnearrdha
drong ionáigh as férr d'faltaibh
tionail it chenn Connachtaicch."
21 Comhairle do chan an fádh:
"tabhair ar cholg do chomán
le ferrdhacht gabhaidh an gort
tabhair leanbhdacht ar laochdhacht."
22 Tonn mhenma san macaomh óg
do chuir comhrádh an druadh-ód
gur bhuail fonn Temhra nir thill
a thonn mhenma mar mhínlinn.
23 Temhair Chobhthaigh cúirt a shean
Conn tre chomhairle an fhileadh
ina seilbh fa a tuairim téid
mar luadhail leinbh a leithéid.
24 Táinic do thegasg an druadh
's do Chonall Cruachan crannrúadh
tachar Cuinn re Cathaoir Mór
do thuill tatháoir da thromshlógh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

25 Fódla na bfiodhbhadh sgathach
mar do fhóir Conn Cédchathach
a ghéag tharaidh do chrú Cuinn
da cabhair as tú as tualuing.
26 Cosmhuil a Aodh th'aignedh grinn
re cheile is Conn mac Féilim
re a amhsaibh i n-ucht faghla
cosmhuil do lucht leanamhna.
27 Uaim a Aodh mar as eol dam
cred nach geabhtha do ghríosadh
dóigh lem damadh sine sinn
nacharb feárr file Féilim.
28 Tuig a Aodh a n-abruim ruibh
dob é adhbhar ar n-urchuir
neimhshén cosga(i)r ris an ccloinn
fa bhrosdadh chenél cConoill.
29 Róimh ni rangadar a leas
a mbrosdadh d'fuighlibh éicceas
ord gaisgidh i bfiadh Fánád
riamh fasgín a bfíornámhad.
30 Iomdha ag laochraidh leithe Cuinn
dhíot ar ndenamh I Dhomhnaill
da gach taoibh oir[i]chil(l) ort
as roimhithidh dhaoibh dusocht.
31 Na treig clú cennais fedhma [167]
'na shúan ni thig tigherna
treig súantathamh et síth
léig(h) ar chuartachadh coigcríoch.
32 Gurab duille as dion duit-si
dhaoibh gurab fleadh fíoruisge
fúibh narab leaba lúighe
leaba clúimh no choilcthíghe.
33 On tráth fa n-éireocha Áodh
as terc duine acht a dhearbhgháol
sluagh Gaoidheal os da lúadh linn
aoinfhear 'na shuan ni shaoilim.
34 Fáth a shuain cuirfead a cceill
geabhad leithsgél i leithNéill
ciall toirrchim fhada í Earca
oirchill aige ar fháidheachtra.
35 Tre mhac Síubhain slat os coill
da bfiucha fíonfhuil Conuill
tuar coinghleaca re cloinn Neill
na croinn oirdherca a haonfhéimh.
36 Griosadh Aodha ar aithris Cuinn
ithir uasal chlann cConuill
síol ni fhuil isin ithir
don fhuil riogh as romhithidh. Mithidh ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

340

Mó ioná a aois an t-ainm-se ar Bhrian
[RIA 92 (24/P/4), 261]
Mac Conmidhe cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Mó ina [a] áois an t-ainm-si ar Bhrían
tre eólus a cheard ccaithníadh
sine ina [a] áois ainm in fhir
le a ghairm a ngaois an ghaisgidh.

2 Ge a-tá óg ní hóg n-anma
in Brian-sa Mhag Mhathghamhna
léir a ghaois a ttighe ar tteacht
sine ina [a] áois a oirbheart.

3 Brían mac Colla na ccolg mbleacht
sean a onóir 'sa éifeacht
'sa gháois go recht 's go riaghail
ria tteacht d'aois i nOirghíallaibh.

4 Lén óige is beartuighe Bríán
ag cuitiughadh fhuinn Oirghiall
fer as oirdhreaca a n-agh sdair
ós clár chonghleaca an chogaidh.

5 Beanfuidh le lámhach lúaighe
's le sporadh ngreadh ngormúaine
túar seanghoimhe a fhoghuil ann
Fernmhoighe a crodhaibh cniochtGhall.

6 An mhéid do ghlacadur Goill
do chíos Oirghíall re n-acfuinn
orra an ghríanshlat re a ngleóghoil
Bríanmac Colla cúiteobaidh.

7 Toicheastal bhus túar garma
béiruidh Brian mac Mhathghamhna
lucht ainchreidimh le cladh ceall
do chradh airchidigh (?) Ereann.

8 Gluaisfid braineóin is bádhbha
le harm Bhríain Mheg Mathghamhna
an trénruire fa ttraigh tonn
ag cealmhuine áir eachtrann.

9 Mac mh[e]ic Bríain le ngabhthaoi géill
budh hiomdha arracht ai-éir
tré dháil chatha da fhreac(h)numh (?)[a]
fa gháir chatha a chaismertadh.

10 Gluaisfid leisin laoch(-sa) lán d'arm
fir chrodha chriche Modharn
dream 'gar saoghlach [glór?] goile
le slogh faobhrach Fernmhóidhe.

11 Ceingeol(f)a[i]d na dronga [dó?] [262]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

buidhní o shlios Sleibhe Beatho
beid san lorg chéadna an cuire
o bhord deadla Dartraighe
12 Daoine diolmhanta dána
gluaisfid le a ghníomh *arranta
ó Chlar Deirge go Bóinn Bhreagh
fa a mheirge sróil ag sínedh.
13 Gaisgeadhuidh na ngníomh n-amhra
sliocht Eimhir Mheig Mhathghamhna
ceann sloigh gach saorfher don fhuil
doigh Gaoidheal as a ngniomhaibh.
14 An Brían-sa orra as oighre
’s ’ga bfhuil cert a cconnailbhe
fir rathmhara as dile dhó
d’fhine chatharrdha o cColla.
15 Brían mac Eimhir ráinic rath
céidfher cogach na nUlltach
ní fuil céim far chláon riaghail
re nAodh O Néill Naoighiallaigh.
16 Leanfuidh sesion slighthe Bhriain
meic Éimhir nar ob enghlía[i]dh
cenn a n-armshloigh on trían thoir
a rían go ghlanBhoinn gebaidh.
17 Bíaidh an t-oigBhrían-sa ar an eing
Toirrdhealbach mac m[e]ic Feidhlim
cían o a ngaol fala na bfher
an dara táobh o ar tuismedh.
18 Mac Colla cusboir deóradh
do chúan an dá rioghleómhan[a]
nar lagadh le gadhruibh Gall
dob eagul d’fhaghlaidh eachtrann.
19 Úa an dá ruire do chrú Cuinn
maith leanus íad ar amhuil
grúaidh ghealioml- (?) go ngairm n-aigh
neamhiongnadh ainm in ógain.
20 Sliocht Aodha Rúaidh a ngort gliadh
a-tá a nduthchus san deighBhrian
’s duthchus chloinne Neill a-noir
is céim ’na ccoinne ag a cheardaibh.
21 A-tá ’na ghrúaidh go ngrian dath
fuil na n-airdrigh nOirghiallach
tearc céim gan teacht ar a ttoil
méin a mbeart san mBrian-sin.
22 Cíos na bfher go bfhíorthar libh
a Bhríain gus an mBóinn maighrigh
a bhláth abuigh na hEamhna
na caguil do chaithmheanma. Mo ...

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

341

Mó ioná díol éanchúigidh Aodh

[NLI G167, 137]

(see ‘A Poem Book of the O’Donnells’, Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 40)

Tomas O Huiginn do rinne an duan-so don Ua Domhnaill cedna, Aodh mac Maghnusa.

[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Mo [io]na díol enchuigidh Aodh
lion ar gach aonchuigeadh uadh
ni mó as cuigedh no dhó a dhíol
on chuigear riogh do budh dual.

2 Deich rígh mar dhearbhus gach draoi
da shiol i tTemhraigh Da Thí
cóir a shen ar thealaigh tTé
nar lean sé acht ar Eamhain í.

3 Iomdha ádhbhar fa ttig tnúth
mac Mághnais mar sin ni sáor
sé go cuireadh Temhra ag triall
na cluineadh fiadh Eamhna o Aodh.

4 O do briseadh briathra an naoimh [138]
triallta da dileadh a tuaidh
guais engheisi ni bhí ar Bhoinn
rí(gh) don fhóir Eirne-si fhuair.

5 Iomad eatha is fuighle druadh
ag cuimhneadh a reachta mar-ráon
bheith gan rígh d’Fó[d]lla re n-ágh
an sál mín da fhogra d’Aodh.

6 Dob annamh comha do rígh
roimhe nach gabhtha re ngliaidh
an é an cleachtadh faghla fuair
leantar ar uaim Banbha Briain.

7 Tairthe cuain tainicc da tuar
craobh aim(h)rid do-chuaidh a ccláon
do bhí sé da ghairm o ghniomh
an t-ainm riogh is é ’na Aodh.

8 Fíon cublach (?) gur dáileadh dhóibh
nir daingneadh an snadhmadh sídh
roinn fhineamhna asa fhiadh fein
siar go féin righEmhna o rígh.

9 Slogh Saxan do chur ar ccúl
ni nós annamh d’fuil na Niall
fáth fa ngeabha rath na riogh
síol Eanna nach gnáth gan giall.

10 Fian Oileach ar ttochta a-tuaidh
ni cosmhuil re coinne sídh
maoidhid Ulaidh i n-am áigh
cáin Gall ar thulaigh an Trír.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

11 Do chloinn Dálaigh roimhe riamh
ni thánaig acht rogha riogh
reidhfhiodhach fhréimhe na nAodh
reidhe an chraobh dheidhenach dhíobh.
12 La comhluinn as draoidhe dhóibh
laoidhedh Ui Dhomhnaill ’na ndiaidh
tug maoidheamh a bfeadhma féin
menma d’fein Gaoidheal re ngliaidh.
13 Fleadh reachta is Ulltaigh da hól
ni chleachtaid ar chunradh sháor
lor le fer luinge mar luagh
do ghabh an chuan d’oirre ar Áodh.
14 Cuirther le hénollamh uaidh
nach ccluinter cédbhronnadh cáigh
éigen daoine do dhol dóibh
crodh o fhóir Dáoile do dháimh.
15 Sgrios ainbfine d’fód na Niall
a ttairrngire a-tá da thaobh
sul frioth uain an anma riogh
síodh Banbha do fhuaigh ’na Aodh.
16 Síad o shoin i ccennus caigh [139]
da ccur ina ccennaibh sluaigh
móide an anáir ’na bfiadh fein
geill do ghabhail san trian ttuaidh.
17 Slighe cogaidh na ccóig bfiadh
do shocraidh le móid a mhaor
terc da ghaoltaib i rann ríogh
síodh an t-amm nar aontaigh Aodh.
18 Ni roinnfither fód na bFionn
acht coimhthileadh na ccóig bfonn
teid d’Ó Dhomhnaill sa[n] trian thall
fiadh do bharr ler chomhroinn Conn.
19 Fuil Luigdheach san rioghacht riamh
do fioraigh fuighle na bfádh
lór do shéala ar an reacht riogh
gan teacht do shiol Éanna i n-ágh.
20 Cú fiadhaigh ar chánaibh cáich
an sgiath-soin ar lamhaibh laoich
dob fhiú truime a cnuais i ccléith
duille an sceith nach glúais re gáoith.
21 Mac Siubhain an tráth fa ttriall
cách da ttional as gach táobh
do chaith deich n-oídhche an úair-sin
le ccur glíadh le fulang bfras
thsíar a nUbhall ’s a nIorras.

49 O Dochartaigh na ndúas n-úr
tír a fhaghladh ag iompúdh
do derg soiremhain íar sin
’s go hoireraiph lerg Leithbhir.

Roinn na Lámhscríbhinní, Leabh. na Tríonóide, TCD

50 Rucc o Dhoire deóigh a ndeóigh
creach each úathaibh da n-aimhdheóin
a chóir nír fhurigh aca
an dáimh dhuilligh dheorata.

51 Ridire échtach d'fóir Gall [47]
fa tháobh saoiltreach siothchall[s]
gein shochair re ffuil gach fa(i)dh
do-rochair soin re Seaán.

52 I nUisge Cháoin na ccolg sean
's a [n]Ghláoth an Chláir do chuir-sen
mo thinne óir m'failm chumhra
da mháidhm ar fhóir n-allmurdha.

53 Níorbh iongnadh dhó-san breith búa(i)dh(e)
aige do bhí an drong dheaghshluagh
dob fherr treaslámha ag cur cath(a)
san magh n-esmhálla n-iubhrach.

54 Comhairligh nc (?) hEógain
oighreacht go ngoimh ngúaisleomain
croinn thoghtha nar ér ollamh
béim orra ní fhuaramur. Mór ...

348

Mór sochar na haimsire

[Sir Con O'Neill's MS, NLI Positive 6671, folio Hr]

An t-esbac Deisi .i. airdesbac na Midhe cecinit an bhlíadhain-si d'aois Críosd 1641 & go ndéna Día trocure air.

[Aoi Fhreislí; loose syllabic structure]

1 Mor sochar na haimsire
táinic chugainn a mblíadhna
a chead ag an ánghcuire
bheith ag réabadh a riaghla.

2 Díol beacht don reachtuire
mór as usa don tsheanreacht
dhuinn chum Dé mas athgairid
cread acht léighionn is léamhnocht.

3 Gan trosgadh gan tréighenas
gan déirc gan órd gan aifrionn
Día mar so ma thréigemar
(as) geall ré sionnach a croicionn.

4 [...] mar shligheach slánaighthe
riu mas dilios [dúinn?] táobhadh
cía chuirfeadh a sháraighthe
an fían uile nar náomhadh.

5 Sochar dhuinn(e) gan anshochar [Hv]
shásadh cuirp & anma
ma táid uile ar áonfhocal
Goill is Gaoidhil Bhanbha.

Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, TCD

6 Ma gheibhther gan amharas
Día gan trosgadh gan trátha
cía [a-]deradh nach ámhairecht
dhe so a ndeárnadh go ttrásda.
7 Mas í so an fhírinne
a-tá a-nois da shioladh
a bhfuair bás ón dílinne
a-táid uile dá bpíanadh.
8 Bríogh mo sgéil san athghairid
do mealladh inne ina íadsan
dh'éag a Dhe dá ndeachaim-ne
an mbiam fá aondorus íadhtha.
9 Mas é ar leas fúaramur
ar mbe[i]th feasda gan chrabhadh
so an ní nach ccúalamar
a-ríamh gur bheg an gábhadh.
10 An tí ro cuiredh dar slánugadh
aonmac Calphuirnn mhic Óda
do bhí seision nó tamhaoinne (?)
a-nois ar leabhar meic Mórna.
11 Ní fhacadhus in priomhfaidh-sin
darbh ainm Pádruic mac Calphuirnn
'na bhethaidh an t-aonlá-sin
nach ccuirfedh cum aifrinn.
12 Mar sin duinne go certbhríathrach
teghdhais nimhe má dealbaigh
ifrionn uathmhar úathbhásach
cía fa comhair a nderna dh.
13 Gan aifrionn ag cosgaruibh
acht feóil Shathairn ar Áoine
dob annamh an margadh-sa
ríamh gor atharraigh na dáoine.
14 Má tá sin sa thsenThiomna
féachthar is canóin Íosa
gan corgas gan aifrionna
a-riamh ní fhacas sgriobhtha.
15 Ní ar shógh no ar sheasgureacht
fuair Eóin Baisde beilbhinn
flaithios Dé ar mhagaireacht
a-nois mur gheibhther a nEirinn.
16 Ar fásach ag seanmóiribh
bhe[i]th 'na trosgadh go déarach
croicne fíadh is ferbóga
dob é a earradh 'sa éudach.
17 Do sháoil Féichín fionnfhoclach [Fr]
dho throisg ar leacuibh loma
dhó féin nachar dhiomolta
do chláoi dhíomuis na colla.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

18 Findhen fertach fóirighthneach
is Colu(i)m cobhartach Cille
níor mhó a ndíol cócaireacht
nó a ndíol uisge is bioróir.

19 Do shonas na bliadhna-sa
a-tá gach cailleach ’na cléireach
ag tuigsin na díadhachta
ríamh ma tuigedh go bréagach.

20 Ní bhfuil sáor nó súghdhaire
gion go léighen[n] a phaider
san díadhacht nach íulmhuire
a-nois nó Padruic no Peadar.

21 Sgriuptúr Dé nar thuigeadar
Augustín Grighoir is Béda
cách uile do shluigeadar
a-nois ó cuireth a mBéarla.

22 Ó léigeth go toilteanach
gach neach ’sa srían fá chlúasaibh
toil a ccorp go togarthach
do-ní an cléireach ’sa túata.

23 A mbeith genmnuidhe ma gheallamar
an t-órd coisreagtha cléireach
cia [a-]déradh nar fheallamar
ar Dhía uile go bréugach.

24 A bheith úaibhreach ainmhianach
saidhbhir saogalta sanntach
aithenta(dh) Dé fáirlíontar
mar sin aguinn go fállsa.

25 A n-aghaidh Dé as filúnacht
don té [a-]deradh nar chóra
don chaillgh dhuibh mhíonurach
nó gach fer eile pósda. Mor ...

349

Ná hardaigh h’uaill, a dhuine
[Trinity 1340 (H.3.19), 29r]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Na harda[i]dh h’uaill a dhuine
tuig féin fath ar n-eólchuire
fech do thruaill talman a-stoigh
h’uaill gan adhbur na hardaidh.

2 As é a hísliúgadh do les
ardughadh h’uaille (is e) h’aimhles
toil don chruinne nír chóir dhuibh
dom dhóigh a dhuine dhiom(h)suigh.

3 Tuig mur tharrla do truaill chriadh
a dhuine nar dhiúlt d’ainmhían

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

se dhod t’anam búdh ní nár
mas hí an chalann do compán.
4 Mairg darub cerd dul da riomh[a]
da measdái mhéd do mhighniomh
a fhir lérbh ail cur ’na cheann
daigh as do thoil ni thuillenn.
5 Do dhealbh féin da bhfhéchtái libh
ni fath uabhair dar-íribh
tuigthi dhuibh a bhraighi bhán
nac fuil acht sgaile ad sgathan.
6 Tuile an éga is egail duibh
a dhuine shaidhbe[i]r shanntaigh
mairg nar fhéd tocht an tuile
’sa[n] t-ég ort ’na aodhuire.
7 Coimhnidh sáoibhfheachuin na súl
coimhnidh do cruth ar gcláochlug[h]
réd t’fhuighlibh ag buain bheim(h)e
cuimnigh h’uaidh is h’eisléine.
8 Cuimhnidh do dhéd a[g] dubhadh
’s derg do bheóil ag bánughadh
cuimhnigh dath na huaidhi ort
ag brath bhur n-uaille ar iasocht.
9 Do rosg a n-esbaidh amhairc
d’éis chaithmhe do chédradhairc
égfaidh gach duine in léir libh
a dhuine gan cheill cuimhnidh.
10 Cuimhnidh do bhe[i]th ad bhiadh crumh
cuimhnidh cré dhíot do dhénumh
mairg fan cruinne ché do bhen
is é a duine do dheiredh.
11 Cuid do chomhursan na car
na sanntaigh hí gan adhbhar
d’egla diomdha Dhe nimhe
bíodhbha in té le ttuillfidhe.
12 Ní trath suain duit a dhuine
lea bfhuil oruibh d’fhoruire
líon do tháoibh an éga ort
’s do ghéga gáoil a nguasocht.
13 Na déna-sa Dia dhod crodh
a fhir shanntaigh fan tshaoghal
ni hé is Dia dhuit fa dheiredh
cre[i]d don Dia is deimhnighi[o]dh.
14 Da mbe locht ar fher eile
uaibh tar chach go gcreidfidhe
fath a locht a gcéill na cuir
do locht féin nó go bhfhéchuir.
15 *Seal bheiris in t-ég oruibh
go teach nDé do dheghchonuir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is trath da mhaoidhemh uaibh air
h'uaill re háoinfer na hardaigh. Na hardaigh ...

350

Ná tréig, a Thomáis, mheise
[RIA 5 (23/D/4), 81]
Fear Feasa On Cháinte cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Na tréig a Thomáis mheisi
fionnam tú a ttaobh tairisi
na bí fuar iomam madh áil
dual mo chumann do chonnmháil.
2 Ní dhearnas riamh a rosg glan
sith re lucht diomdha th'athur[a]
d'fhuath orrtha a ccail mo chabhra
báidh comtha na comhlabhra.
3 Níor taobhadh liom t(s)hoir na t(s)íar
go gearr uaim na [i] n-imchían
ní nárbh iongnadh a ucht glan
lucht do dhiomdha do dhéanamh.
4 A mbruigh na a mbaile a mbíd sin
slán mo chlos ann na *a bhfaicsin
a ló na a n-oidhche a ghruadh ghlan
choidhche am shuan na am sheasamh.
5 Ní thiobhar ní thugas ríamh
níor cleachtadh damh-sa acht deghchiall
a mhala sheang shuairc ghrádhach
cúairt 'na cceann mar chompánach.
6 Fath fuatha na feirge ribh
ní dhearnas a dhreach [fh]aoilidh
creididh damh-sa a chnú chroidhe
is tú ar n-annsa d'ionmhuine.
7 Beit[h] 'na ccumann níor char me [82]
dearbhuim do Dhia agus daoibh-se
a chiabh nár cladhsholus corr
ní cóir amharas oram.
8 Da ndearnuinn níor dhéanta dhamh
cairdeas comuinn na connradh
doibh a ndeoigh deanta t'foghla
a realta eoil m'ealadhna.
9 Congnamh beoil leo na láimhe
ní thugas tuar siothchána
a sheise ban taibhgheas toil
na gabh aimhleas am adhaigh.
10 A chreideamhuin a chruth seimh
go mbeinn-si is iad-sin d'éinmheinn
dar liom is diomoltach duit

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a mhionn iongantach ordhruic.
11 Nir heisdeadh dar dho láimh linn
d'eagla a n-iomráidh ní eisdfinn
a dhreach thromnár a chúl cám
rún a ccomhráidh na a comann.
12 A mheic Siobhán taibhdheas tír
do bháid[h] ribh d'fuath bhur n-eisídh
a n-ól na a n-aoibhneas ní háil
a nglor na a ccaoineas comhráidh.
13 Sith riú féin a n-áit t'feirge [83]
lucht deanta do dhíbhfeirge
is sibh roireigh fád rún rinn
as doimheinn duinn da ndearnuinn.
14 Ní dhearnamuir as dearbh liom
ríamh ós áird na ós iseal
a bláth abuigh rer-oile
fáth coguidh na corruidhe.
15 Seachnam cogadh ceanglam síth
bíom reidh a ua na n-airdrígh
a bhile úr gruadhnar glan
a bhúangrádh a rún ríoghan.
16 Na bí fós red dhiomdhaig damh
fearr na cúis t'fhola d'adhnadh
a rí Leirge dán fiar fiodh
ciall bhur bhfeirge go bhfaicear.
17 Bí-se damhsa mar dhlighe
biad-sa agaibh d'airighe
a shearc sgoile a chuid croidhe
druid rer-oile ar n-ionmhuine.
18 Beart teaguisg ní thugas ort
t'fearg ní dhlighfinn do dhúsacht
a ghéag chumhra a ttós toruidh
dár nós umhla d'ealadhuin.
19 Go mbiadh agam ad t'adhuigh [84]
mairg do bhean do bharamhuil
báidh re haonduine eile
a aodhuire cláir Ciarruighe.[s]
20 Tusa fós is feasach linn
ar ccéadghrádh d'fearuibh Eireann
tú ar sgiath [i]s ár ccnú chroidhe
tú ar ttriath [i]s ar ttogh(dh)ui-ne.
21 Nós ar n-aithreach rer-oile
bheith gan cheilg gan corruidhe
a bharr cúlchas a chiabh tróm
diall ris an dúthchas deanam.
22 Do chur cáirdeasa a ccuimhne
a rí Gaille glanghuirme
a ghnuis déalla is díol grádha

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

sgríbh séala na síothchána.

23 Gabh a Thomáis inn re ais
mur ta dhuit a ndiaigh dhúthchais
na bí a[m] mearaithne a ghruadh ghlan
deaghaithne is dual do dhéanamh.

24 Me diomholtach a thaobh tais
’s an té dan dúal do dhiogruis
’s ní léig do namha a rún ríom
duinn is cára do chumann.

25 Na bí am neamhaithne o so súas [85]
a bhláth abhla na n-órchnuas
a ghrádh m’anma a chiall croidhe
a ghrían chabhra Ciarruidhe.

26 A ua Tomáis na ttreas tte
go bhfaiceam aighthe ar-oile
a ghnúis ná[i]r ón(a) gartha ga
ar n-aithne is dóigh go n[d]iongna. Na tréig ...

351

*Na trí Cuinn do shliocht an Ruaidh
[RIA 1080 (B/iv/2), 91v]
[Deibhí, Ógláchas]

1 Na tri Cuinn do sliocht an Ruaidh
do shíol cConaill co morbuaidh
ar sliocht enathar *an fir
a-tat maithe na meic-sin.

2 Biaidh an cédChonn dhiobh dar lem
’na rígh imresnach aithgerr
dhó féin bud[h] becc a tharba
ge maith é ’na rioghdamhna.

3 Isan ruaicc gidh mór an béd
tuitfidh an torc lena tréd
acc Ros Becc eter da mhuir
im nóin re cenéal Eogain.

4 An dara Conn díbh gidh mall
budh flaith é a-bhus et tall
re sliocht athar an buicc báoi
tuitfidh se gan iomargáoi.

5 An tres Conn fós diobh go mbroid
an fionn firfhíal a Fánaid
rachaid[h] a chíos ar tír ’sar muirs
go carn uí Néid sa Mumain.

6 Trí bliad[h]na fa breith co mbuaidh
don Erind tes et tuaid
ní nochtar air bachall bán
’s ni bentor clocc na ceolan.

7 Tiocfaid cuicce fir Íle

Royal Irish Academy, Col. in Críonóide, TCD

don taobh thuaidh do Chind Tíre
rachaid go Manainn na ffledh
do dioghail orra a sinnsear.
8 Brisfidher lais a cclacha
et ísleocha[idh] a ratha
rachaid[h] an scéal-sa tar tuinn
go righ Saxan go Londuind.
9 Cuirfidh an rí fecht bús mó
'na aghaid[h] sin [i]s ní gó
is benfaidh a chios go tend
do ghallaibh uaisle Ereann.
10 Ní anfoid an dámh a-noir
go senMagh Ealta édoir
Goill Midhe 's na mbailte mór
tiocfait cuca 'na tionol.
11 Enbháidh do-ghenad ar soin
na Goill a-bhus 's na Danair
is fúaigeorait cath gan on
ar fheraibh Erenn 's Alban.
12 Budh í an foccra gan céill [92r]
brisfess an cat[h] orra féin
's ní bía an athmáoin dá éis de
go ttí Laithe an Mesraighte.
13 Tiocfad i n-agaidh an tsloigh
síol Eimhir is Eiremhóin
a fuil o Thigh Duinn a-niar
go Dún Monaidh ar enrían.
14 Tiocfat síol Eimir gan feall
et clann Ír na mórpheall
tiocfat Greccaigh da éis soin
is maicne Ith meic Breogain.
15 A shamail ní dernadh riamh
do coimhthionól toir no thiar
's ní dingentur go brath mbind
an fedh bhes duine ind Erinn.
16 Acht gidh daibh as foiccsi a ghául
*nocha cuimnigit é far-íor
's ní cuimhnigit é ann soin
Danair glana is Geraltaigh.
17 Is ní mó cuimhneochus Conn
a ghául friú-somh gan iomroll
no go ttuitet muin ar mhuin
ar Maigh Ealta 'na ccosair.
18 Tiaghait uile clanna Cuinn
's aicme Aillealla Uluim
et síol Labhradha Luirc
go Maigh Elta cum longpo[i]rt.
19 Cuirther cath ar Moigh Elta

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

et bud[h] cruaidh a dhecra
brisfidher ar Ghallaibh na longs
is tuitfidh ann mo shaorChonn.
Nochan fhaicim tar éis Cuinn
acht coimhfreccra ag cloinn Chonuill
co tti mac an Ruaidh on ghlenn
's ní bía a righe acht go haithgherr.
Tar éis mheic an Ruaidh gan oil
budh rí an Cathbharr credhoils
gidh iomdha fala re a linn
budh cara é *dá gach énchill.
Meisi et Moling on tsruth
et Baoithin co ccaomhcruth
as íad aingil mheic Dé bí
do-rad duin sgela na ttrí. Na ...

352

Námhaid dá gcaraid clann Ádhaimh
[NLS Adv 72/2/14, 15r]
[Séadna, Dán Díreach]

Nama[i]d(h) da caraid clann Adhaim
egoir bíd gan beth da reir
ge a-ta fala Dé ar gach ndine
is é a gcara fire fein.
Do fhuasluig ar fhuil a croidhe
clan[n] Adham is iad a nglas
nir doirteadh fuil De achd lé daonnacht
do cuir sé gach aonolc as.
Tug da gcinn nir cuinne fallsa
fuil a thaobh ni tuig[e?]nn siad
do cengail re Dia na daoine
gur cennaigh Dia hAine iad.
Guaignech dó ag dul[a] da gcreachad[h]
fa creich is fein (?) ni fuair troid
do bi fa uir re tri *truthaobh
duin do bhi ar mbrathair a mbroid.
Re da da ndeachaidh a dtaothladh
torad[h] an croinn do chuaidh le
[a fell?] ar E[v?]a do *[a?]tair
mela lem nar adaimh he.
Togaidh (?) do re ndul da chesadh
cennus breigi fa beart c[ru]aidh
do fuair coroin a [gcruth?] *[...]ghe
uch ni honoir fhire(e) uair.
D'agra an ubha[i]ll an uair ranic [15v]
Ri(gh) na cruinde nir cha[...]
siad ag car chena ar a chele

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nir gabh [Eva?] o a ceili an cion.

8 Meisdi m'eolus nach he lenaim
lorg an Righ re raith triur
olc do-chi mo cridhe dall-sa
nac hi an tslighe f[h]allsa an t-iúl.

9 Dén musgailti mor an guasacht
guidhe *Cricht nir cuimnigh me
do bha am shuan go la san lebaid[h]
an Luan in la is egail é.

10 Aingeal glan na gualann deisi
'ga diultar les lor do chaill
ni theid bidhba De dar ndruim-ne
imda gne 'na fhuidbe ar fhaill.

11 Mairg bregus an betha gairid
'san gloir dimbuain nir faill du speis (?)
tuigead[h] an te bus sia saogal
nach bia se [a] aonar dar n-(d)eis.

12 Bia[i]dh an bith ni bec an rabad
fa rinn tenedh budh taom garg
do-dena Dia clar don cruinne
nach bia fan uirre 'na ard.

13 A n-abraim re hoigri Mure
mor an cas gidh cia nach tuig
decair a Dhé ar foladh m'furtacht
nir cronaidh me a docracht duid.

14 Is úaidh fuarus a bhfhuair misi
misdi an breth bur mbeith gan dil
is é mo cennus don cride
mhellus mé fa ndlighe dim.

15 Ceann mo therma o thocht mh'aisi[s]
ca fad uaim ni fhider mé
dom rath a Ri an betha[s]
is i an clach retha mo re.

16 Tu cridhi a cholainn daonna[s]
deacair do chach cur re ioc
truadh linne a fhas ar an uile
cas do-rinne duine diot.

17 La na coinne cia nac faicfi
foladh (?) m'aighti ní fhoir me
ni saor naire re hucht fergi
lucht do laime deirgi a De.

18 Trath ar ndelighti a Dhe athar
ot feirg a-ris reidhigh sind
do reidhigh guin do choig cride
ar muidh dod mhoid roime rinn.

19 Gerb imda cuis far choir m'e[i]t[e]ach
na hetig misi a meic De
ar car do dheilbhe ar an duine

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gabh a eigri Mure me.
20 Sirim ort a Airdri(gh) an domain
gidh decra a cach cur rem din
co rabh ar thaghall do thige
an t-anam glan dlighe dím.
21 Baoglach an tonn a-ta romham
a Rí an betha bí ar mo sdiuir
do brugh a De nocha diamair
’s gan me ar sgur d’iaradh a iúil.
22 Eitec ort an uair fa dtabraim
ni thuig misi mairg nach tuig
do namha a Dhe nocha diulta
dana e & diulta dhuid.
23 Gidh beg chuires ar chloinn Adha[i]m
egla an bhais baoglach an ruaig
sul fhuair sibh goin dona gonaibh
do shil fuil da n-onan[r] uaid.
24 D’eis ar gcennaigh ar cru an ochta
ag uan Mure mairg nach bia
an deoch sherbh d[o] ibh san A[o]ine
do-bhir sealbh na ndao[i]ne ag Dia.
25 Fuil an cridhe am cuid don eric
anba an gras da ngabhtur uaim
go ro dil derca ’na falaidh
crechta an Righ ’na aghaidh uaim.
26 Na leig do dá ndiulta ar mbratris
mo beth a nemhtoil ni is sia
os ad ghuide nac fuil fallsa
guid(e) a Mure damh-sa Dia.
27 Coir egla re hucht an tinoil
mur tú a Mure is maith do-chim
truag is Dia ag agra na n-uile
nac bia tagra ag duine dibh.
28 Dimda Críost re clodh na baisi
gid be thuillus teid ar cul
do fédfad[h] duine a fearg d’filleadh
lenbh Mure re silleadh sul.
29 Mairg treigis ar thamall fallsa [16r]
flathus buan mairis do gnat[h][a]
is mairg nac f[uil] ar ti an tighe
a mbi toil a cridhe ag cach.
30 A tabair Crist do cinn toice
tru[a]dh an buaidhreadh nach bi bail
mairg o meall maithus da bhfhuide
flathus gan cenn uidhe air.
31 Ag dul dam co de[re]dh m’aisi
impodh tar ais ni fed me
an doman ge a-ta[m] ’ga tobha

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

fola[mh] lamh ac dula de.

32 Nir cruthaig[h] duil nach duin foghnus
gidh olc tuicmaid mar taid siad
tug righe na ndul don duine
duin do-rine uile iad.

33 Ni faghaim do dutracht toile[a]
ac toil breigi bhis fa cuairt
bud fada uaim a ri(ghe) a-rise
da dti uair am cli-si ar cuairt.

34 Aigertar le haird[Rígh] nime
gach ni dimhain a-de[i]r sibh
dob ferr ar n-(d)oigh arin [a]iffre(i)nn (?)
do mheall an gloir aithger[r] ibh.

35 Do sechna[dh] lat an lorg firi
fill a-ris ar in rod nglan
ar bladhais d'aithnibh Dé a dhuine
maithfidh se uile edh an (?).

36 Is e an saogal sogh ar meallta
do mhuirn breigi nir choir gradh[a]
nir aithin sinn a Dhe a docair
linn e nach socair re snamh.[x]

37 A-tu a ngill re grasaibh Mure
mathair Crist do congnamh linn
in breithemh ris nach bi tagra
feithead[h] si ar [an] agra ind.

38 Ar bar siair ni sibh nach fillinn
ag feall oraibh ni hi a-ta
truagh sin [i]s go n[g]ebha a guidhe
sibh ag era Mure (a) mna. Nama ...

353

Naoi roinn do-rinneas do thriúr
[O'Conor Don, 72a]
{Ó Dálaigh Fionn}
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Náoi roinn do-rinneas do triúr
& a roinn trían um trían
bíaidh a ttós don Athair uam
nós dana dúal rathoil riamh.

2 A Athair a Rí na ríogh
ní dechaid[h] a ngniom dot gháol
gurab tú as sgíath díona dhún
's gan rún díola t'fíach ag áon.

3 An crann idir bhois as bhonn
rér snádmadh do Criost dar ccionn
na rachuir a cceill an crann
do chlann féin a Athair ionn.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

4 Leis an Mac(-sa) na roinn-si róm
gomad soillsi damh ’na dhún
ma tá fala a gcrann an chíogh
bríogh na rann da chara ar ccúl.
5 Mas é Mac ar set[h]ar sin
ag techt tar a ghlaic do ghuin
dóigh nac é díoghail a-deir
go n-íobhaigh fleidh as mé a-muigh.
6 Tigedh áonMac Dé dár ndíon
san áonach-so na sé sluagh
a fine mar soin budh sáor
slighe ’ga ghaol ní fhoil úadh.
7 Tarr a Spiorad Náomh go núa(dh) [72b]
am tháobh a ccionntaibh an cló
os do cheird ríogh cur a chlú
mur dhíol ’na chrú do dhol dó.
8 Tairr edrom as pudur pían
trá ann gac tealaigh a ngéubh
gabh th’ionad um clí go cáol
a Spiorad Naom bí rem béul.
9 Mo lámh a ccenaibh mo chnedh
um dheghaidh ó táid go tiugh
in gach ionad ’na dáor damh
gabh a Spiorad Naom a-niudh.
10 Do Mhuire Mathair a(n) Rí
ar a grásaib ní *dechaidh dláoi
an deachmuidh rann madh lor lé
as barr é nac mór don mhnáoi. Naoi ...

354

Naomh Óluinn an bhéarla bhinn
[RIA 20 (23/M/30), 353]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Naomh Óluinn an bhéarla bhinn
do tharrngair go glinn seach cách
Ó Croimín ó Chroma Chinn
’na chómharba am chill go bráth.
2 Maith do-chuaidh dh’o Croma Chinn
Domhnall nach do chloinn Chroimín
do chloinn Charrtha crú a shloinnte
tarrtha sugh gach saorshoillsi.
3 Do Dhiarmuid budh goire a ghaol
ó Dhún Droighnáin drischaol
fear buaidh go ccéimibh ccuradh
tréinfhir uaidh ar úrlagadh.
4 Do lean díobh an forainm fuair
cédDómhnall dreach gan diombuaidh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ó réim amhra naoimh neamhdha
gan damhna dhlaoi domeanma. Naomh ...

355

Nár slán iomrádh don óige
[TCD 1383 (H.5.11), 60]
{Donnchadh Mor O Dalaigh cecinit}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Nar(a) sla(i)n iomrá(i)gh don óige
ben tréig[th]e na Trionoide
da deoin ní deanam mo leas
acht diol[...]^{r} eól act m'aimléas.

2 Slán iomr[ai?]dh úaim ní bfui[ghe?]
[?] an oige leam leanbuidhe
ni táil saoi act clo celle (?)
[...] diol^{r} drocmheine.

3 Do-béur-si mionna mora
a mbreig d'iaraidh onora
eidear mnaib suirge go saob
gan baidh no cuimne ar cómgaol.

4 [L]eam féin an uar robsu(i)m óg
o mnaibh miondealbha [a-]nalló(i)d
friot muirn as cion mur ceille
a-niod oirn(e) 'na aitmhele.

5 Mor (a) [b]pó(i)g as abhar osn(e)adh
o mnaib cuil is coimarsán
[uch?] dob b[fh]earr nac bfaigtaoi soin(n)
do-gabtháoi lem 'na leabuig.

6 Ni tiubruinn is [n]ár a-nos
uirim d'enec da fhébhas
mo-geanar [fós] nac bfuil(l) ó(i)g
ag sin ar nos a-nallód.

7 Ni bionn lé aithfrion no o(i)rd
an oige luathmher lánbho(i)rb
ní bionn [lé] cí[dh] Laiden(n) cheart
cre [no] paidtter no proceapt(a).

8 Ni bionn lé comharleac (cheart) cháoin
an óige diomsach diomhaoin
ní bionn lé ag duin(n)e sa dóman
*dhuige Dé no a dheamholadh.

9 A n[d]earnus d'olc as m'óg(h)e
a tréinrí(ogh) na Tríonoide
a rosg go(i)rm don samhuil sreabh
na tabhair or(u)m [a] aithfior.

10 Eagall lem mas beart baoglach
an oige bhaoth (?) bheagsaolac[h]
*sar bhrá(i)th gan cur a ccoim(dh)[n]e

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a ng(h)abh [cách] da coimarle (cáic).
11 Ní he m(o)'fath attúirse a-no(i)s
rogearr mharios a maccno(i)s
fáda as iomnár mo dhán dhí
nar(a) slá(i)n iomradh don óige.

356

Narab Dia do bheatha, a bháis
[O'Conor Don, 13b]
Sean Mac Céibhionnaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Narab Día do betha a bháis
a chenn uidhe gach úathbháis
beag dot olc a mheabhlaigh mhir
tocht dom lennmhuin a Láighnibh.
2 Rugus céim ad cuinne a bháis
a Laighnibh dámhna doláis
ní bríoghmur tarbha ar ttoisge
líonmur tarla an tuboisde.
3 Mesa mur tarla trúagh sin
ni fhuil rém lind a Láighnibh
duine ar bioth gan baspart Goill
ag rioth da n-annsmacht edroinn.
4 Croch a ccionn gacha baile
ní hí an croch gan crochaire
ní nár dhuinn da ngabham glonn
's gan súil re m'anam agom.
5 Do bhán mo shúil do shín m'folt
ní mor nar múchadh m'amhorc
tainig mo lá d[o] fhás m'fhail
a-tá an bás inar mballaibh.
6 An trúagh libh a lucht grádha
mo thoisg d'iarraidh edála
mé gan aga acht aimsir ghann
ac cainnsir fhada oram.
7 Olc an toisg da ttainig sinn
a Chormuic úaine Í Uiginn
fecha let an sochar sin
dom crochadh let a Laighnibh.
8 A Chormuic do mheall misi
a chumhthoigh mo croidhi-si
mairg nach fhaghann úaidh dhamh-sa
do-chúaidh m'anam asam-sa.
9 [... (Page torn)] cidhe [14a]
bás ollaimh an fhúcaire
[...]ar dhoilge ar ndol
cách gan óigre nar n-ionadh.

Roinn na Láimhe, Col. na Tríonóide, TCD

10 [...c?]uime gan mháthair
gan deirbhsiair gan derbhrathair
trúagh mé a-nois gan mhnáoi a-mháin
ag cáoi re cois mo corpáin.
11 [A?]-nocht acht gé deiredh dhamh
do *bheith da mbeinn-si a mbáoghal
dream óigfher go tenn ag techt
fam chenn a ccoigeadh Chonnocht.
12 Do chóir Chaisléin an Bharraigh
da ccluinti m'ég edamair
do *bheith páis is tenn tuirrsi
fa cheann bháis an bhodaigh-si.
13 Mo crochadh da ccluindís cách
do bhíadh ar maidin a mochtrath
nec dom fharroid ó mhnáoi a-muigh
dom cháoi a cCarroig an Chobhlaigh.
14 Mo bhás féin da bfionndáois soin
ógbadh oiléin an Chlochair
ni *beith cosg ar[a] ngair guil
's ní náir gan tosd an Tóchuir.
15 Glúasocht re diomus damh-sa
do dhíoghail Día oram-sa
mairg [do] threig a bert bhuile
techt rem pléid ó Partruighe.
16 Cuimnigh féin da mbeirthea búaidh
a bháis ar bhethaidh ndiombúain
nach lat acht an chalann chuil
m'anam da Mac 's da Mháthuir. Narab ...

357

Ní bás acht deaghailt re Dia
[RIA 8 (24/L/6), 47]
{Authorem huius nescio/Colmán}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní bás acht deaghailt re Dia
mairg dheaghlios re mac Maria
iomdha fáidh dhamh [dá] dhearbadh
ó a thoil ní cóir ceileabhra[dh].
2 As é as bás dár-íribh ann [48]
tréigion Dé dul a n-ifrionn
beag cás tighe acht an tig-sin
bás eile ní huireasbaidh.
3 Móide as doilghe deaghuil ris
Rí(gh) fíor ar nach fuil eisleis
níor *chinn rí(gh) as cóir 'na chonchlann
rí(gh) d[o] fhóir (ghlan) an Ádhamhclann.[a]
4 Iomdha a n-ifrionn ar chionn cháich

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

piana troma as tuar orchráidh
éag gach luibhe dá leighios
duine sa[n] chéad chuímhnigheas.
Fear cúmhdhaigh na ccúirtionn ngeal
ní thuig mar théid a dheiredh
ní thuig fer an óir fhallsa
nár choir *séd san saoghal-sa.
Ní thuig breithiomh na mbreath cclaon
nac bí ann gac aonchúis ionntaobh
nách é san bhráth bhús bhreithiomh
sé acht mar chách ní creidf(u)ígher.
Ní fhidir fer an tshleachta[a]
bhíos a n-áilgheas (a) oighreachta
dá mbiadh aige céd do chloinn
nach fada an t-éag ón ursai[n]n.
Mairg a bhean na beirte sroill
’s na calla díomsuíghe dergóir[s]
nách *smuaineann a *ndiongna an daol
san uaigh a inghion fholtchaomh.
Mo thruagh nách tuigim-se féin
mo chionnta dia do dhíthchéill
móide as cóir m’olca d’aithfer
lochta cháich cé cronaighther.
Ní bhfuil neach dá uaisle d’fhuil
dá mhéid f[h]uair d’innmhe an tshaoghuil
nách féd tocht go *tig nimhe
acht neach bhús olc aithríghe.
Gíodh cómhdheas don uile fear
tocht don tig (g)a ttá an Dúileamh
don bhocht as edh as usa
tocht as-tech don turus-[s]a
Sgéal diadha dá dherbadh sin
fuarus ar dhí(a)s do dhaoinibh
a ngaol na *ccros dá mbáthadh
fá saobh don dís derbhrathar.
Tárla dhíobh duine daidhbhe[i]r
is fer rathmhur róshaidhbhir
géarbh iongna[dh] dáil na deise
cáir ionnramh na haindeise.
Ní bhfaghadh géarbh olc an modh
fuíghl[e]ach bídh búird an bhráthar
fer snassholus go ngairm *ngúidhe
Lazarus ainm an oglaoich.*
Gíodh fada do fuilngthí leis [49]
méd a íota ’sa ocrais
ní hamhgar don bhrathair bhocht
do ghnáthuigh(eth) adhradh d’úmhlocht.
Suíghter a n-ucht Abrah-áim

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

d’éis a bháis fá beart neamhná[i]r
gnúis naomhtha gan chorp ccollach
an bocht aobhdha ocarach.
17 Cend a ré(idhe) táinig(h) as-teach
fuair an t-acfuingeach uaibhreach
an teach do dhligh fá dheredh
dá thig do lean *Lucifer.
18 Do-chí a-bhus a bhrathair féin
do réir oibreacha an Fhíoraoin
an cédfhear do-chóidh ar ceal
san ghlóir nách éidir d’áiriomh.
19 Sirios mar athchuinghidh air
braon do bhárr meoir dá mhéaraibh
bíodh go ndáilfedh eas don fhior
ní bháithfedh teas na teine[adh].
20 Ann-sin do thuig an toic[th]each
gan bheith diadha deárlaigtheach
nár ghabh gaol an fhir eile
’s nár dhlig taom don trócaire.
21 Nách mairg duine ’na dhiaig sin
do bhiadh gan bháidh ré a bhrathair
truagh ár ttoil gan inn d’aontoil
’s nac linn an crodh coigealtar.
22 Dá madh linn buar an bheatha
ór & eich uaibhreacha
’s gach ní ar domhan budh áil d’fhear
folamh ár ndáil fá dheredh.
23 Truagh dhíbh-se a dhaoine an domhuin
caoinedh an chuirp chriadhamhail
na cuirp madh mór[a] a maoine
córa na huilc d’athchaoinedh.
24 Toisg an anma d’éis an bháis
ann a-tá ádhbhar uathbháis
ní hé bhús uamhan oruinn
acht síghin^{r} uamdha^{r} ifrinn^{r}.
25 Iomdha ’nár ccionn cúis truaighe
lá na breithe bithbhuaine
breatha díorga Dé atha(i)r
nár dhíorga mé ar mearachadh.
26 A-tá r(e)ó(mha)inn go soichiom sin
flathas glórmhur Dé dúilig
teagh mur é as fearr innmhe
a ccend Dé go ndeachaim-ne.^{r}
27 Nár dheaghla mé ré Muire
bean tíodhlaic[th]e (na) trócaire
grian na ríogh[bh]an ár roighrádh
an fhial fhíorghlan iodhannar.
28 Sí r(e)o(mhu)inn ’na réaltain mhara [50]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

(a)s í uair eile ár n-anncaire
(a)s í ár stiúir a n-am anfa[i]dh
(a)s í *craobhshiobhail ár seoilárthuig.
29 As í luibh leighis ár locht
as í *an innilte ár n-úmhlocht
bíodh mo threoir a ttaom Mhuire
as (í) craobh (ch)eoil gach aonduine. Ní ...

358

Ní bean aonothruis Éire
[RIA 1387 (23/O/78), 111]
Diarmuid Riabhach O Dalaigh cecinit
[Date of composition in qt 65; 1630]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní bean aonothruis Eire
críoch lán as lia fearchéile
ráth aitreabhchlach Dá Thí an teach
baintreabhthach í & airgthech.
2 O thár na n-othrus n-ainmhech
bean gan chogar ccomhairleach
gealfhonn dorcha nGaoidheal nglan
aoibhioll na horchra dh'adhnadh.
3 As í céile céasda Cuinn
cisde an bhróin buime a altruim
re ttárla díghionn diomdha
Banbha líghfhionn lechtiomdha.
4 Tug comhosgladh cneadh ngairthe
uirthe liaigh a leasaighthe
adhnadh gomh a haighthe as
do dhol tar aithne a hothras.
5 Aithdheargthar othras Bhanbha
deacair uaim a hionnshamhla
cruth na sáormhná dhí ar na dhul
ní bhí áonlá gan osgludh.
6 D'éis cheanguil a créacht ccorcra
a-né dh'aithle a n-osgolta
áladh dhonna as tiogh tosuigh[r]
a-niogh orra athosgluigh.
7 Ní fhuil aonaird d'inis Bhreagh
gan chneidh mhór mharbhtha mhileadh
eang sgothghlas caomhnaoi ro-m char
ní hothrus aonlaoi a haladh.
8 Ní théid aontroigh as don eíng
fuigheall áir éachtbhean Oileill
gach céadghoin nir chás dise
go fás d'éagdhoig ínti-se.
9 Deiredh teadhma chláir Chormaic

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

mairg fá ttéid tuar dochorluit
tug a ccuimhne céadgoin chaig
éagdhoigh as duilghe diombáidh.
10 Ón taoibh thoir dho Bhanbha Bhreadh
gontar thiar glanfhonn Gaoidheal
fada ón ghoin do nocht a neimh
a goimh a holc do fhoillseigh.
11 Bás Tomáis táirsech throda
othrus nua chlair Cearmoda
teidhm ghuirt re caithleonadh cáigh
aithbheóghadh uilc is fhorráin.
12 Aladh bháis a n-ucht Uladh
bás Barúin fhuinn íarMhumhan
éachtdhoigh tuismheadh gach teadhma
tuisleadh chreachtghoin chinneamhna.
13 An aonuair dob fhaicsi dhún
céidneimh ar n-othrus d'iompúdh
mó as neartmhar dho nocht a neimh
a-nocht um chertmhadh Caisil.
14 A nDroiched Átha as mín madh
iar n-éag Iarla fhóid Mhumhan
ar feadh mhuighe an mhúir leargglain
a oile n-úir aithdheargoidh.
15 Bás an cheadTomáis teidhm te
bás an Tomáis óig eile
da ghríbh chabhra ar séanmhúir slím
ar éanúir tarla a ttuitim.
16 Dá ghéig a haoinphréibh ordhruic
tús is deiredh docharluit
tredoimh cosgarbhuan na ccath
Grégoidh Osgarshluagh éachtach.
17 Dá leoghan chorcra chalma
beithre lonna lasamhla
dá thennchuir chongmhála ar ccruidh
fearchoin chomhdhána a nglíathuibh.
18 Dá phost chláochloighthe choguidh
dá eithne óir éanmhoguil
da osgarghall ghríobhdha a ngal
diorma chosgarlann churadh.
19 Dá chomhluinn bhláthadhbha Breagh
dhá dhéis toghtha ghuirt Ghaoidheal
dá chraoibh tar ar dhocra dul
da chaoir chorcra na ccuradh.
20 Mar do lean *cobhnach chláir Céir
beó déightheist iarla an oiléin
le a bhás tar aonúr d'íath Floinn
do thríall go caomhúr cConoill.
21 Ní dó fein as bás a bhás

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

oighidh cháich *do thig do Thomás
fuair aithbheatha ón te do thogh
flaithbhreatha Dé dhá dhearbhodh.

22 A-tá íar n-éag slemhuin slán
Éire an bhean égnach easlán
frith orchar uirre re headh
buime orchradh is imneadh.

23 Cia ag nach gonfadh grian croidhe [112]
bás *cobhnuigh chláir Chiarroidhe
triath toghtha an achuidh fhinnte
fachuin orchra is áidhmhillte.

24 Fiú cródhacht an dreaguin duinn
fiu a uaisle a eagna a fhoghluim
fiú rug dh'égnach ar an eing
go ttug éagchruth ar Eireinn.

25 Beag an t-iongnadh d'fheinn Bhanbha
uille orchra a hionnshamhla
tug duille úire gan fhás
na dúile uime a n-úathbhás.

26 Measdar a ndioghruis ad dheoigh
sé pláinéid uachtair aidheoir
neoil dhorcha um chaomhfhoirmlios Chuirc
aondoilghes ortha ag adhuint.

27 Nir léigsiod oighidh don fhior
ar aonlá riú rún féinniogh
do mhosguil trá ar tteadhma[s]
gan lá chosguir ccinneamhna.

28 Go teacht Saturn gér ro-m ghoin
an seachtmhadh lá lán d'uabhoir
bheith gan ghomh n-áigh nir iomchuir
do chor áir ar Éirennchuibh.

29 D'fhúath d'Éirinn d'iarruigh a huilc
Saturn échtphláinéid ordhuirc
d'fhuath d'airmrioghroidh Bhanbha Bhreadh
tarla [a?]g maidhmgh[ní]omhghoin mhileadh.

30 Saturn na cclaoinbhreath ccogthach
an bás doiligh díoghaltach
tuar omuin fáth a bhfeadhma
gnáth re coruibh cinneamhna.

31 Ar cholg ccorcra ar chaoilsledh ngéir
truadh nac éidir é is iaid-séin
laoich chalma ni chás do-soin
tárla á bhás no a bheatha-soin.

32 Saoth leam nach ar chur ccatha
do bhí beatha an árdfhlatha
fa chrich n-úir bfhinnlíg(h)eal bhFháil
súil re himhdhídean d'fhagháil.

33 Sáoth leam nach ar labhairt nglic

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

do bhí beatha an óig oirdhric
tromghalshlat or dhocra dul
foghlammhac ochta feallsumh.
34 Dalta bias ciabh na ccor[s]
ar chích Chilo fuair altromh
Solon oide go n-anadh
d'óradh *óige f[h]eallsamhan.
35 Plato Peiriander mearrdha
días dá oidibh oileamhna
eoldorus ar *óige a shean
Cleobholus oide an fhileadh.
36 An tríath fá *ttraigheadh tonna
mar fuair oideas foghloma
mór ngroideas neartmhar a-niogh
do chleachtadh oideas áirsiogh.
37 Dalta Seasair cruth chorcra
Puimpei préamh na crodhachta
gríobh go sliombais ttana ttigh
dalda Fiorrais an feinnidh.
38 Dalta Traian tuar ríoghfhádh
Sipio oirdhric áiníobhál
gruagh ghlantais ghríobhshlat do ghin
cíochmhac Marcais an mílidh.
39 Ar fhoghluim ar chrodhacht ccleas
mor dha oidibh nar áirmheas
súdh ríoghlachta an adh do ibh
cíoghdhalta ar bhfádh an féinnidh.
40 Gá fearr sómpla rioghfhadh ris
ón ló fuair fáighreadh oidis
fá chríoch n-áird na ngríobh ór ghin
an gníomh ós áird do fhoillsigh.
41 Ar bhuaidh ccrotha ar chosnamh chirt
Mac Muiris áirsidh oirdhirc
clár lígeal gan chomhroinn ccean
ar dhidean ghormfhoinn Ghaoidheal.
42 Ar chrodhacht Ghaoidhil is Ghoill
ar uaisle ar eagna ar fhoghloim
post catha dob omhan d'fhior
ar mhoghuibh flatha is féinniodh.
43 Ar choimhlíonadh rechta riogh [113]
ar chosg n-uilc dénamh deighghníomh
mor ríoghalainm fuair gan oil
cruaidh líomhadairm dá laochroidh.
44 Dar let tarla dá dhreich nduinn
nós na hAtens fuair urruim
eng neartmhur ársoidh gan oil
gasroidh rechtghlan an ríoghroidh.
45 Saoghal fada da n-aos uilc

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

guidhid maithe an fhuinn ordhuirc
d'fuath anbháil doibh mur dho dhligh
slóigh gan daghbháidh re draoithibh.
46 Ní guidhe ar a sochar soin
suil re barr péine is pecoidh
do bheith ortha iar n-éag don dréim
ni toghtha an tred mur thuigeim.
47 Lucht deighghníomh an achuidh fhinn
saoghal gerr don áos inghill
lor sin d'amhluagh re a fheghuin
do shir armshluagh Aitéanuin.
48 As é fáth fá sirid sonn
d'aos beomholta bás obonn
tuar aithbhetha dhaibh ar ndul
flaithbhretha ar bfhaidh da bhfechtur.
49 Mar sin do-ní an rioghfháidh ris
fiu deighghniomha Mic Muiris
giorra a ré giodh cás cumhadh
sé iar mbás da bheathughadh.
50 Do shaor ar bhiodhbhaidh ar bhruid
barr glóire dhó do dherluid
an tí fan toirseach tromshluagh
an rí coimseach comhallbhuan.
51 Fuair iar n-eg a mBanbha Bhregh
rogha leabtha chóig ccoigeadh
fachuin tromluit tuair tennáigh
uaigh Cormuic Í Chuileannáin.
52 Adhairt bháis an mhilidh mhir
leabaigh luíghe laoich Luimnigh
minic súil uaim-se ar [an] eing
da úir as uaisle a nEireinn.
53 Ré linn bháis bheithre an eachta
tug trá mur gac taiséanta
néal ós gaothmhuigh Ír do fhill
do chlaochluigh sín is soininn.
54 Tug eclips dhreachdhubh dhorrdha
gac sging bfhraochdha bhfíochfhógla
do dhorchuidh gréin ngairthe ngloin
do réir aithne gac ughdoir.
55 An ré dhubh do dhorchuidh gréin
do shoillsigh grianghuirt righNéill
folchar le a horchra ársoigh
an ré dhórcha dhubhach-soin.
56 Oighre Tomáis tuar deghshóidh
grian taithnimh fhuinn Eiremhoin
ag so an té nár char comha
dar ghlan ré is réaltona.
57 A n-iath Floinn as míne madh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gach cnuas fead[h ’s] toradh talman
fán ccéidfher do fhás a húir
le a bhás dob éigen iompúidh.
58 Ar thuit do thoirthibh chláir Chuirc
Padruigín áirsidh ordhuirc
fedh mhuighe neartfhódghloin Neill
cearttógbhoídh uile iaid-séin.
59 Deighshliocht Tomáis leighes luit
cia dhíobh uile acht éan seabhaic
gruaidhe leathdonna as sia socht
Dia eatorra as gach aonolc.
60 Ní bás dó ’sa (a) dheighshliocht slan
nech iar mbás beo re iomrádh
a cholann ni bhía gan bhladh
gá hanam bhus sia saoghal.
61 Caithréim laoich Leice Snámha
acht guais cháich céim éadána
suim a uaisle as gac ionadh
do thuill uaim-se a hainmnioghadh.
62 D’uamhan Ghaoidheal is ghleoGhoill
ni laibheór a laibheoroinn
do-gheabhuid mar fháth n-orchra
féchuid cách a chomhartha.
63 Triath Ciarroidh[e] troigh thana [114]
fuair creich cháich a ccomhadha
nir fríth creach uaigh ’na haghuidh
dreach do bhuaidh ar bhiodhbhadhuibh.
64 An tráth do ég Mac Muiris
aois De ni ham amhuiris
do dligh me a *chor a ccuimhne
mhé leam thol dha ttreabhuim-ne.
65 Fiche ’sa deich ni diamhair
míle is sé chéad ceartbhliaghain
téid ó fháidhfhíor gaoise Gall
áireamh na haoise oram. [Date 1630]
66 D’éanmhac Dé do dhlíghfinn tol
do Pheadar dho Phol easbol
lá a thréigthe re a chois do-chí
ní léigthe a-nois a neifní. N.

359

Ní cara acht cara na héigne
[RIA 20 (23/M/30), 446]
Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Ní cara acht *cara na héigne
a Athair ghrádhaicc gabh rinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

éist ár nguídhe gabh ár n-éagnach
glan ón uile *éagcruinn inn.

2 Teadhma ár ccuirp is créachta ár n-anmann
a Íosa Críost congaimh uainn
ós tú mo liaigh a fhlaith neimhe
craith a chiaigh dom chroidhe chruaidh.

3 Tug damh sruith d'aithríghe fíorghloin
am ainmhiann 's a n-íoc mo luit
go mboga sé cruaidh(e) mo chr(o)idhe
a uain Dé lé dile dhuit.

4 Admhuim ár ccoir cuingim díolghadh
ar dhéirc nó ar ghrádh gabh rinn
nocha ceist ort a Dhé a dhéanamh
gídh olc mé ná heinidh inn.

5 Mé an bocht ag bualadh an doruis
a Dhé a Athair osgail roinn
bíodhbaidh báis ar mo thí ar talmhuin
a rí(gh) an ghrais ná-m damnaidh doibh.

6 Ó thrí heascáirdibh na hanma
ad h'onóir féin fortuig mé
druid uaim an bíodhbaidh 'gá mbím-si
a uain ionmhuin *dílis Dé.

7 Tú ro-m thosnuig[h] tú ró-m cheannaicc[h]
cóir mo mhúnadh a mheic Dé
tú a-mháin mo ríghnia(dh) gan rúinneimh
a fhírDhia an ghráidh múin[igh] mhé

8 Mar do fhuilngis d'íoc ar mbroide
dá bhior na mbos bior na mbonn
íocaidh ár saoth d'áis nó d'éigion
gaoth an bháis ag séidedh sonn.

9 Do chuiris teachta ón éag or[a]m
a Íosa bhúidh beannaicc[h] sinn
mo mhiann mo tho(i)l teacht [do]t féachuin
ar son mh'olc ná héinicc inn.

10 Róbheag ár maith mór ár ccionnta
a ccúirt do ghras glaodhuim *oruibh
ní féider don cheart mo chabhair
reacht éididh dom fholaidh *oruinn.

11 Iomdha *foghlach mór mur misi
dár mhaithis a choir san chrois
tugais ón tonnmhuir mhóir Maoisi
*saor an *foghlach naoi(dh)-si a-nnois.

12 Do shaorais Isaac ón íodhbairt
Ionas a broinn an mhíl mhóir
Nóe ón dílinn a Dhúilimh^{s}
síthfhill mur Phól^{r} rúinneimh roinn.

13 Tú rí(gh) naomhtha nimhe is talmhan
tú áirdrí(gh) ifrinn gan ghó

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

té[i]d do chlú chéim tar an ndomhan
tú féin an moladh as mó.

14 Dá ní ós chionn cheille daonna [447]
do dhaonnacht do dhiadhacht shoirbh
róbheag gud ghras guais an domhuin
gan tásg cruais ná omha[i]n *oruibh.

15 Ní thiocfa(idh) do theangthaibh domhuin
do dhíol molta a modhuibh ríogh
tú ad h'aon 's ad thriar 's at fhíorDhia
as tú riamh ríoghnia(dh) na ríogh.

16 Ní féider áiriomh do chomhacht
creidim gur tusa thú féin
tú an tí do chruthaigh an chruinne
rí(gh) suthain na ruire réil.

17 Milleán millte ós cionn ár cceille
do-chuaidh do chómhacht a Dhé
's do ghrás tar dhorsuinn na ndaoine
cosmhuil réd bhás Aoine é.

18 Daingnidh mo dhóchus ad ghrásaibh
léd ghradh léd h'eagla a uain Dé
múin damh an *dán-so do ghuídhe
gabh mur almsa ó Mhuire mé.

19 Ní curtha a comhacht a n-iongna
inghion dá mac Máthair Dé
sé leanbhdha mur mhac ag Muire
brat neámhdha na n-uile é.

20 Deiredh dána Dé dá Mháthair
measuim féin nách foláir dí
cóir do ghnáthaig mé do Mhuire
máthair Dé na n-uile í. Ní ...

360

Ní comhthrom cogadh Banbha
[O'Conor Don, 183a]
Ua hEoghusa .i. Eochaid cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ni comtrom cogadh Banbha
terc tír mur ta an athardha
lucht a senchosnaim[h] ré seal
nemhchosmhuil d'ulc is d'imnedh.

2 Crioch Bregh na mbuinne ngothmhall
a-ta a hualach eccomtrom
cuid sonn lén himsniom[h] a hoil
drong lén dimbriogh a decair.

3 Ag cod(h)ladh ar a cneidh sin
a-ta cuid do cloinn Mhílidh
gan fios ndecra gan díth súain

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan sgíth n-echtra gan anbhúain.

4 Drem oile rug do roghain
beith ar bhethaidh n-urcrodaigh
adras d'ulc naoiminsi Neill
nach lucht áoinirse íaid-séin.

5 Dainimh don dream lén tocha
sínedh ré slios bfúarsrotha
sáimh don cathláochroidh ro-s car
*bancháomhthach dháibh ag dergadh.

6 An ionann is oirches dáibh
sochair na hEirionn d'f[h]aghail
na coimsigh luigios ó ló
'sa[n] droing-sin oirios d'annró.

7 An clann-sa Conuill mic Neill
do eirigh dermod dóibh-séin
a los fhíadhaigh nó ar ol mbenn
mas lór iarraidh na hEirenn.

8 An tarbha fár timnid cnis
da ttugtháoi a fhir an áinis
gan turbaidh gan doghuing dhuit
Cona[i]ll Murbaigh do m(h)ealluid.

9 Damadh cothrom fa crich bFloinn
lucht medra is mac Uí Domnaill
meallta an chéidbhetha ro-s car
bernta eigneac[h]a t'f[h]osgladh.

10 Ní thugsat é da n-aire
ní hé imsniomh Rúghroidhe
do bhi ar sháorchlandaibh shlóigh Breagh
ní háonchumaidh dhóibh dlighter.

11 Ní clechtadh síth ní socra
frith leis a ló a macdhochta
ní tharrusdair gídh tocht gerr
o gnathfreasdail olc nEirenn.

12 Ní déisdion lé a dreich reabaigh
beith a mbethaigh n-imneadaigh
fúair eól a sniomhchuinge soin
ag deol cíoghbruinne an chogoidh.

13 Ní tharroigh áoibhnius oile
do bhíadh air 'na eolchuire
ni gigil re tocht a dtreas
ní *ider olc tar áineas.

14 Do roinnsiod sliocht Gáoidhil Ghlais
a n-anbhúain ar ua Semais
gac oirlíomhadh gleó do-gheibh
a coimhlionad[h] leó leigtir.

15 As eidir leó asa los-soin [183b]
gan sgeinm ré sgel n-anbfosaidh
gan techt do taigeradh cath

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

gan roilegadh bert mbáoghlach.

16 Ualach cogaidh criche Floinn
gé mor do mhac Uí Domhnaill
ní tharla dhó da dhesgaidh
nach mó an tarbha tarrusdair.

17 Táir do cogad criche Bregh
tús comairle chlann Mhíleadh
gidh tús suidhe ría *sénuibh
tús moighe ’ga meirgedhaibh.

18 Eolus na n-úaran ghaisgid[h]
ga ttam as de tarrusdair
rún menmfosaigh ré húair n-uilc
crúaidh a bfedhma-soin d’f[h]ogu[i]rt.

19 Mar bhenus becha an mhuighe
mil as súdh na serbhluibhe
beóchogal Banbha do bhen
tarbha a gleóchogadh Gáoidheal.

20 Amhlaidh sin nac[h] sníomh croidhe
an cerd do chlecht Rughraidhe
dimbríogh is cára fa a cenn
’sa dtarra d’imsniomh Éirenn.

21 Ní fes a conách catha
go bféghtur feidhm ardfhlatha
ó thigh ré ndula a ndocroibh
a thugha as é[r] a fhionnochtain.

22 Fásuid(h) fédhma na ccuradh
abhail a mbí an cathughadh
tréigidh breó an gaisgidh a ghal
leó mur chaisger don chogadh.

23 An teine is tairpthighe tig
tréigidh sí ré seal ngoirid
a hanbharr a treathan a tes[s]
go bfághbhann betaidh[r] *mheileas.

24 An gháoth fós gemadh í ann
*isna haitibh nach (bfh)aghann
ní ré a hurocht fa séid soin
téid a cumacht(a) ar ccúlaibh.

25 Gach damhna níadh da nós sin
téid ceó ar a cherdoibh gaisgidh
go ro-s faigreann fás a neirt
lé gnás na n-airmreann d’ime[i]rt.

26 Ní meisde do mac Áodha
gnáthughadh gleo bforráonda
lé deacraibh lé caidreamh ccath
sechtair aignedh na n-anrath.

27 Ní hádhbur iomthnúith don fhior
a bfuil d’úaislibh fhuinn Gháoidhiol
gan anbhúain gan tocht ré tenn

Roinn Lé Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

gan robhúain ré holc nEireann.

28 Gibé cuid da cloinn bhunaidh
nach cuir le a ló a docamhail
ní bá clann í don innsi
dá ttí ann don Eirinn-si.

29 As é is aignedh d'inis Bregh [184a]
cédmathair chloinne Míledh
a bfáighredh dhí le docroibh
ar tí a n-airgen d'f[h]ionnochtoin.

30 As é an t-inntlecht do fhéch sin
an t-én dan(a) hainm an aicil
do-ní ráith bhennfhoirfe Bregh
a ndáigh greannaighthe Gháoidheal.

31 Dúil sin as sethda cridhe
úathadh da háos coimhrighe
éigen ríamh don uile én
diall don chuire as da cinél.

32 Ní hinnister aice sin
acht da én a n-am tuismidh
an dá én-soin gidh íad ann
síad ar égsoibh ní hionann.

33 Én díbh gan dusgadh menma
sechnu(i)s síghne maithremhla
én oile ar a hairghibh féin
go ccroide n-aingidh n-aigmhéil.

34 Go nderntur inntlecht orra
decair aithne etorra
túar sáobhaithne a silledh soin
rinnedh áonuighthe orthoibh.

35 Dírighter léi-si a ló the
a n-aighthe a n-aghaidh gréine
da ttig mes airghen a hén
do thes ainmer an ai-ér.

36 Ruiscc an eóin nach oigre dhi
ní fhuilngenn amarc ngréine
ní dhúin re doighir ngoile
súil oighir na hacuile.

37 *Dibris úaithe an t-én eile
'ga mbíd bésа tuilidhe
do-bheir 'na hasgoil an t-én
do-gheibh cosmoil ré a cinél.

38 Ag iompódh d'f[h]ios a treibhe
iomsgaradh na haiceile
ni bhí acht lethoighir lé sin
bethoighid[h] é as[a] airghibh.

39 An da én-sin ógbaidh Breagh
an aicil inis Gháoidheal
tes a glíadh eigen a holc

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

an grían nach éidir d'amharc.
40 Ar aithris an dara heóin
forgla fer nEirionn *d'eithreóir
le gráin infeithmhe fhóid Airt
do shóid(h) rinneithre a radhairc.
41 Ré thes cogaidh criche Breagh
dúinid(h) súile sluagh Gháoidheal
eisdeacht gháiriolaigh gleó dte
gráineamhail leó gach laithe.
42 A n-aithne is urusa dhi
comardha a cloinne dísle
aghadh a hoighre ní fhill
garadh da bfoighbhe um Eirinn.
43 A cuid-si don cloinn uile
mur sin as sé Rúghruidhe
an té chadlus ar a cneidh
ní hé admhus mur oighir.
44 Ro-s dirgenn mac meic Mágnuis [184b]
aghaidh an ruisc rellannghlais
ar goil chogaidh chláir na nArt
ní thógaibh gráin da gúasacht.
45 Críoch Fhloinn na linntedh bfosaidh
do-chí óigre an Áodha-soin
sgíamh sáorchlannda leinb[h] dar leis
ar dheilbh bfáolchonnda a flaithis.
46 A ngrúamdhocht ghnúisi Bhanbha
bíd 'na mbreachtoibh sercamhla
gráin a haladh áidhbhle a holc
bádhadh na hainmhe a n-annsacht.
47 Ní ísligh airde a mhenma
ní gráin a ghnúis dhoigerdha
ré huille a snimhdecra soin
buime frimshlechta Fíachoidh.
48 Gabhtha dhó a los a lethtrom
ó shlúagh Eirionn d'eineaclann
an cheadroinn fa a comair soin
do thulaigh tredmhoill Túathail.
49 Roinnfidh do réir a dhochair
críoch Bhánbha an brúaich ghégsrothaigh
ní thíbhre don tí nár thuill
ní da hinmhe gan fhochainn.
50 An tarba do thuilleadh leis
ní bhía ar láimh lucht an áinis
ní as faide a n-aisgidh ón fhior
oide gaisgidh na nGáoidhiol.
51 Táirseac dhoruis na decra
fráoch draige a ndeilbh náoidhennta
rogal nach cceil a chrithir

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

neimh ó bfaghtur foirithín.

52 Díon conaigh chloinne Dálaigh
cabhair re hucht n-iombádhuidh
cenn áoibhnechta criche Cuinn
frithe cáoimhslechta Críomhthuinn.

53 Inis Banbha na mbenn ttais
a-tá a hannsa d'úa Semuis
mur treibh ar ttocht a tuile
ní cheil ort a hionmhuini. Ni ...

54 Ní connradh lén chuirthi druim
rann d'Áodh as gach dán dealbhuim
gnáth lem ga lúagh as sáoire
úam(h) do chionn a comáoini. Ni ...

361

Ní deireadh d'anbhuain Éirionn

[RIA 743 (A/iv/3), 688]

An fer cédna (i.e. Maol Sheachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn)

[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní deireadh d'anbhuain Éirionn
ní hé críoch a gcaithréimionn
ar thuit d'echtuibh impi sin
na a ndéntair innti d'airgnibh

2 Ní aithrisid na heólaigh
i gcrích Fhionntain fhíreólaigh
acht triúr do thecht ó thosaigh
tearc iúl mar an eólas-soin.

3 Ní raibhi ón ló-soin a le
Banbha nach beidís impe
daghshlúaigh ag cor ré chéile
gar d'anbhuain is d'aigmhéile.

4 Sé gabhála ar ghort mBanbha
tugsat tionól allmurdha
go ndernadh dhí bean broide
sí seal ag gach sochraidi.

5 Meic Mhíleadh fá mór ttionóil
do-rónsat d'iath Éiremhóin
adhbha creach & chogaidh
Banbha is-teach go ttugadair.

6 Mar do fágbhadh fúthaibh féin
Banbha na mbruigean soilléir
Clanna Míleadh gan dol de
ag síneadh cor ré chéile.

7 Cogadh Cloinni Néill a-niodh
cosmail ré cerd a sinnsear
barrbhuain gach ní gus a-nocht
as í an anbhuain gan fhortacht.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

8 Do thairrngir Fionn fada ó shoin
milleadh Éirionn a hUltaibh
mar do chan an príomfháidh Fionn
ní mhar acht íomháigh Éirionn

9 Do-chúala a-réir go raibhe [689]
d'argain Innsi Laoguri
gealladh Uladh a-né a-noir
ní dubhadh é gan fherthain.

10 Ar Bhanbha na mbrugh solas
don chomhrádh do-cúaladhas
tiocfa barr teineadh a-túaidh
ní dereadh ann dá n-anbhúain.

11 A-táid ag tionól a-le
a hUlltuibh lé hAodh mBuidhi
slógh ar n-adhnadh a n-úaille
mór an t-adhbhar anbhúaine.

12 Líomhthar a lanna géra
cumhdaighter a gcoiléra
glésdair a ngáoi 'sa ngroighi
do fhéchsain Chraoi Chonure.

13 Gabhaid orra ag eirghi a-mach
aicmi Néill móir meic Eathach
ceannus fedhna gacha fir
seanshnas gealgha lé a ngúaillibh.

14 Mairg fa ttiocfaid ar tosaigh
ag techt isan turus-soin
Síol Eoghain is Aodh Ó Néill
'sa ndeóraidh ma-raon riu-séin.

15 Cosmail ris ag rochtain síar
go Crúachain is go Coirrshlíabh
cáor & a crithre dhi
sirthi ó Aodh gacha hairde.

16 Ó Bheinn Édair go hÁth Lúain
díth bó & each a n-énuair
slúagh Áodha ar bhúailtibh do-bhir
do chlúaintibh saora Sl(úa)igigh (?).

17 Seólaid tar Áth Lúain a-le
d'argain Connacht ré chéile
gá berna nach bladh an dream
an ealbha 'san damh dílionn.

18 Airgfidhior lé hAodh mBuidhi
Breifni, Boirionn, Benntraidhi
's ní racha thíar daingion de
nachar cailleadh ríamh roimhi.

19 Ciontach Banbha lé bliadnaib (?)
ré feirg Í Néill Naoighiallaigh
gan a ríar thall ag a thoigh
'sa triall a-nall ó a-nuraidh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

20 Techto go hairdrigh Oiligh [690]
as ionchuir dá fíafroigidh
madh áil leis Ó Néill a-niodh
géill is cáin as gach cóigeadh.

21 [N]ó go gcuire cúairt Bhanbha
d'áitiogadh a athardha
aithnidh dhamh mar (a-)déra thoir
nach gébha crodh ná comhaidh.

22 Fir Éirionn ó nach áil libh
cennus úatha acht ar éigin
a-táid oruibh a Ulta
a gcomhair a gcosanta.

23 Ní chodail ar cionn bhar slúaigh
ó Bhóinn go Sionainn sriobhfhuair
neach gan a láimh ar a loinn
láimh le a each isan ursoinn.

24 Ní léigid Muimhnigh a-muigh
ná Laighnigh as a lámaibh
ó Áth Clíath go Carn mBalair
sgíath ná arm ná aradhain.

25 Ó Tráigh Lí don leith oile
go Léim Fhir na hIobhraighe
ní luigh duini thíar i ttigh
lér mian luighi acht i lúirigh.

26 Dá mbeith gan éintír oile
a riocht suain nó sádhaile
fedh tathaimh ní bi 'na brugh
fer do thrí cathaibh Crúachan.

27 An tairgsin nach ttiocfadh dhíbh
dá n-imdhíon ar an airdrigh
gan láimh na hiris dob fherr
ge madh náir d'inis Éirionn.

28 Roinn Éirionn ara ionchaibh
as iontuicthi d'Eóganchuibh
Ulaidh & Áodh Buidhe
cubaidh táobh lé a ttrócure.

29 Áodh mac Bríain an bruinne thais
cethre hÁodha 'na égmais
gan chréidhim do chor orthaibh
do ghabh Éirinn d'Eoghanchaibh.

30 Bíaidh 'gá shiol ó shin a-mach [691]
ríoghfaidhthior ar *íath Temhrach
gan mhaor ón chúigior i gcill
an cúigedh Aodh ar Éirinn.

31 As é an tÁodh-soin Áodh Buidhe
mar táthar 'gá tharrnguri
do-bheir raibhthi fá Ráth Sainbh
cách 'gá aithni as a fhorainm.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

32 Rí Éirionn a ainm cubhaidh
as thríd a-táid Eóghanoigh
gan Ó Néill do dhénamh dhe
’s nach béradh léim tar Líne.
33 Leithéid Áodha nár ob cath
d’Íbh Néill ó Níall mac Eathach
ní chúala a-nuas gus a-nos
ná úadha súas i seanchas.
34 Coimius ré a chearddaibh goile
ná ré oineach dh’airidhe
ní fhuil dá ghláol Níall do-ní
ná Brían ná Áodh ná Éinrí.
35 Áodh mac Áini an fhuilt chlechtaigh
díon Éirionn ar ainbheartuibh
do-ní an t-éigni ó thuinn Túaighi
do druim éigni is anbhúaine.[x]
36 Oinioch inghini Donnchaidh
’na anbhúain ar Eóghanchaibh
do bhúaibh is d’eachaibh Uladh
do bheathaigh úaill ollaman.
37 Tuilledh sin i soighioch lán
a fheis ré hingin Siobhán
gar dod fhéile a Áodh Bhuidhe
tréidhi sáor ar Sadhbhai-ne.[x]
38 Inmeasda ré hAodh mBuidhe
Fer Diadh dalta Sgáthaighi
nó Balbhúaidh do-beredh geall
ní deireadh d’anbhúain Éirionn. Ní ...

362

Ní deireadh leóin do Leith Chuinn

[NLI G 167, 284]

(see ‘A Poem Book of the O’Donnells’, Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 82)

[dated 1662 in qt. 41]

[Deibhí, Dán Díreach]

Cuchoiccriche O Cleirigh mac Diarmada do rinne so ag eccaoine imtheachta chloinne Aodha meic Maghnusa & go háiridhe Maire, duine as deidhionaigh[e] do ecc don chloinn-sin.

1 Ni deireadh leóin do Leth Cuinn
tarla dhi diochra an doghruing
ro chrá[i]dh do chailg a medhair
mairg do-choidh fa a cinneamhain.
2 Biodh nach bfoil endream oile
sáor ar adhbhar eolchoire
as mo tocradh chloinne Cuinn
ar troime a n-aclan anbfuinn.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

3 Clanna Néill do-choidh da ccuing
’s gega cumhra chlann gConuill
Maicne Colla et clann Ír
na horra nar f[h]ann eisídh.

4 Sliocht Briain meic Eachaidh Fháthaigh
is siol Fiochra Foltshnáthaigh
láoich or sáimhghlic coimhdhe a ccen
tairnic roighne na righfhear.

5 Ni hÉire í d’éis na bfear
siol Eiremhain meic Míleadh
deighfhir ris nar tárbha teann
gabhla einidh na hEireann.

6 Banbha Cuinn iar ccur na ccath
fithcheall imberta ar n-árdfhlath
cian bhus brónchrádh a lí linn
as sí an t-órchlar gan fhoirinn.

7 Tair gach n-aicme tárla i tteann
iongnamh mór a mesg Éireann
gach créchtghoin lethtroim dar loigh
ar nertchloinn drechtghloin Dálaigh.

8 Mairg a Dhe do dheónaigh dháibh
ar uaisle ar eaccna ar mhordháil
rádh sgol le bfríth gach file
a ndol go díth deirbhfhine.

9 Aodh mac Maghnais meic Aodha
or fhásadar úrchraobha
ba croinn far ghnáth glóir gach tan
’s nir dhóigh le cách á cclaonadh.

10 Clann fher ardfhlatha Doire
Aodh Ruadh rathmhhar Rudhraidhe
Mághnus is Cathbharr crádh linn [285]
rachlann ar ágh dob inghill.

11 Clann oile do ghein on [...] ghéig
do rigfidhe a les a leithéid
conghlonn fa rúnghloine rath
Rúdhraidhe is Domhnoll Diormach.

12 Siobhán chaithmheach do thuill toil
contaois thrén thire hEóghain
do bhuadhaigh gach báire an tréd
Núala Máire et Mairghréd.

13 Déra donnfhola ’na bfrais
tre chloinn Aodha meic Mághnais
clann do sguch mar sgáth re hedh
nir ghuth do chach ’ga ccaoineadh.

14 Ionann do ghoir Dia diobh soin
an t-óg aobhdha is an t-ársoidh
drem or síoladh gach méin mhaith
an rioghain réidh an righfhlaith.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

15 Fechtar gur dheonaigh Dia dhóibh
do Leth Cuinn damhna dobróin
gan aithne a n-eidhreachta ag druing
d'aithli deighshleachta I Dhomhnaill.
16 Fiafraighe do-ním a-nos
re a ttreisi tra o thángos
cia an loirgfhine dar dhíor dol
tar shiol oirdnidhe a n-athor.
17 O mhac Maghnois do saoileadh
tocht uasal síl senGhaoidheal
sliocht caoimhNeill is clann Cholla
's gach saoirfhreimh ann etorra.
18 Fola uaisle nach iad soin
Builteraigh bheodha is Burcoigh
uch do-chuaidh tar choimhghné a rath
uaidh is roighne na Ruarcach.
19 Nir dheireadh dedhla don chloinn
go hécc inghine Í Dhomhnoill
rug a cuimhne ar n-úidh d'feraibh
duilghe dhúinn na deighenaidh.
20 Cur Mhaire tar mhnáibh eile
seachnaim d'eagla oirbheire
dul i n-éinmheidh re a fuil fein
na heimhghidh gor dluigh dí-sein.
21 Einbhen da haicme re a linn
riai-si ni raibhe inghill
ar a réidhe ar nar léir locht
ar chéill 's ar dheini i ndaonnocht.
22 Do thuig tra et tug da húidh [286]
briathra bennaighe an sgriobhtúir
is nir dhior tarsa a tobhach
biodh bhar n-almsa i n-ionfholach.
23 Aingeal na láimhe clí cuil
beith da réir riamh nir aontuigh
aingeal na deisi o Dia a-le
ba seisi gach dia di-se.
24 Do sgaoil go measardha a maoin
's ni thug grádh don ghloir dhiomhaoin
leis an láimh chlí do ba crádh
gach ní dar dháil a deslámh.
25 O Ruairc rioghfhlaith a fhine
Tadg fa toghtha an t-óirdnidhe
fa diongmhala don mnaoi mhaith
ar aoi iomrádha is árdraith.
26 Gach a ttug tóraigheacht di
ar mbeith 'na banfhlaith Bhreifni
cumhain leam a túaidh a ttocht
's gach dream da bfuair a furtocht.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

27 Iomdha fer le a bfríth a crodh
iomdha ben fhíorbhocht uasol
’s dob iomdha senóir gan sén
iomdha deroil is deiblén.

28 Fuair an rioghain o Ráth Both
ar n-ég ardfhlatha Ruarcach
daghágh gan raidhith da rath
ag Daibh[i]th branan Burcach.

29 Fuair gan iongnadh aca so
maoin gan choigil gan chaomhno
nach iomnár d’aon aca a-niodh
flatha nar an re eillniodh**.**

30 Tánaig gan tilleadh ar ccúl
dronga bochta don phriosún
ina diaidh go mac Meadhbha
glac i ngliaidh fa glanfhedhma.

31 Dol don druing tárla beo bocht
iongnadh an iarraidh d’furtocht
ger bhretha duilghe don dún
do chuinge a mbeatha i bpriosún.

32 Baile súthach Sleibhe Cáirn
priosún a ainm ger fhorainm
do chinn ar leic Temhra Té
re linn meic Meadhbha is Mairé.

33 Do chaith Máire ré fa rath [287]
gan aithiomrádh gan éagnach
do rachadh (a m)béim do mhnaoi mhaith
gor léir go mbaoi ’na banfhlaith.

34 Na mná bochta baoi gan chuid
dob i-si a ccrodh ’s a ccaruid
’s nir cherd bháoisi acht bladh da rath
don mhnaoi-si car le a ccúmhdach.

35 Truagh nach ann do écc an bhean
re ndol d’uaislibh fhuinn Gaoidheal
do bhiadh cúmha ag cailg gach cinn
’s a gubha i ngach aird d’Éirinn.

36 Do chluinfeadh cách caoí an fhiallaigh
siol uaibhrech Néill Naoighiallaigh
gach drong dhíobh thúaidh et thes
’s nir suaill a ndíol do dhoilghes.

37 Do chaoinfeadh í an Ruarc(ach)fuil réidh
’s Fir Mhanach nar thuill toibhéim
clanna Cholla thíar et thoir
’s nir phian orra acht a hesbhoidh.

38 Sliocht Briain meic Eachaidh Fháthaigh
is siol Fiachra a fhiorbhrathair
nir iarrtha a ttost thiar ’ga ttoigh
’s nir chiall a ccosg da cumaidh.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

39 A pian sa purgadoir thall
do dhiol a-b(f)os gan bladhmann
fuair toradh an tuair ler an
buaidh ar dhomhan ’s ar dheamhan.
40 Go ndeachaid go díth fine
ar n-ardfhlatha óirdnidhe
aicme dámhach na séd sen
d’ég ar nDálach ni deireadh. Ni ...
41 Sé chéd dég se dheich ’sa dó [1662]
o ghein Chriost go hamm mh’iargnó
’s ni sáimhe cor mo chroidhe
tre dhol Mháire i marbhloighe.
42 An lá ria bfeil Muire mór
fuair o Iosu mar ardlogh
dol ar neamh mar néimheadh di
bean as deireadh dar ndín-ni. Ni ...

363

Ní dóigh síodha síol gColla
[RIA 92 (24/P/4), 263]
Diarmuid Mac in Bhaird cc.
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní dóigh siogha síol cColla
buighean go mbuaigh n-urroma
gabhla tulguidh thacar tenn
do chumhdaigh achuidh Éirenn.
2 Gach gort dar ghabhadar ríamh
maicne Cholla chláir Oirghiall
iomdha dhaibh [dá] dearbadh sin
nach dernadh dáigh don droing-sin.
3 Ar ghach ruire da ro céim
a-tá ga truma caithréim
búaidh gach berna da bhunadh
ealbha fa cruaidh cathughadh.
4 Síol dubhac da ndleagur comha[s]
buaigh catha & cosnamha
aca ar mharthuin druim ar dhruim
na slata ó chatraigh Chrobhuing.
5 Gach nert foghla fúair an chlann
gach eang dar fhuaighsiod *d’feronn
maicne ríogh na ríar n-abaigh
le sníomh glíadh do ghabhadar.
6 A-tá síad-san budh tuar teinn
tar an ccuid eile d’Éirinn
le teinnfheidhm le teachta [a] ttroid
ealta is neimhmeirbh le námhuid.
7 A bhfríoth leó-san lór do rath

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

rioghradh calma chrú Eathach
gach laoi le comhdha coguidh
ar aoi tromdha tathradar.
8 Re forráin gacha fine [264]
a-táid a thús n-aimsire
tar neart cathfhaghla chóig n-íath
a n-atharrdha fhoid Oirghíall.
9 Le ro dhoghra re dáil sleagh
le folcadh fola féinneadh
mar sin thrá iarthar a n-eng
gach lá fa íathmhagh nÉrionn.
10 Cuige táim da tharruing sin
oighre Bhriain bhrisios béarnaidh
ursa cheanguil do chrú Chuinn
deallaidh (?) gach cnú le crobhuing.
11 Úa Eimhir aigneadh fuileach
ar thaibhdeadh chríoch ccomhuidheach
re a shíol dleaghur gac duine
leanuigh gníomh na gasruidhe.
12 Leantur leis lorg an chúaine
fosuigh le feadh anbhúaine
na cathghabla gan céim mion
do fhreimh Mathgamhna múintior.
13 Rinn gach éigin re hucht Gall
cosmhuil ’na chluidhe comhthrom
deireadh berna uair oile
ar sduaigh Eamhna d’airidhe.
14 Ré linn chlaochloidh cháich oile
d’fhéin Gall na ngleó n-aingidhe
anuigh taibhgheoir bhenn mBanbha
d’aimhdheoin na ndream ndanarrdha.
15 Ag dol d’iomlaoid arm seanta
mac Briain bhronnus toirbherta
teolasuigh a ttráth [a] cen
breólasair ghnáth na nGaoidheal.
16 O Bhoinn thrath go Tráigh mBaile
tucc an tr[i]ath-sa Fernmhoidhe
fa fholuidh a n-aghuidh Gall
foghuil re bhfaghar forlann.
17 A los bern le barr n-úalaigh
tarruigh ní táom anuabhair
an t-éigne o Bhoinn bhreicmhín Bhreagh
cóir a seintír na sinnser.
18 Crioch a shean go nuaidhe a-niogh [265]
fúaighidh sé d’áis no d’éigean
foirche mhoingbhliocht for mhall sriobh
tar (?) fhoirnert Gall is Gaoidheal.
19 Blogthur taibhleadh[a] a ttor sean

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

leagthur síos fás a foirgneamh
la cen do-ghní a goradh[s]
ar tí a cneadh do chneasoghadh.
20 Loisgthur do leighios a gon
gontar í d'íoc a hádhladh
tucc 'na muir chíach a conair
in bhfuil íath da hinnsamhuil.
21 An chrioch-sa tar chrich n-oile
d'iathaibh innsi Laoghuire
foirche bhí fa nualas néll
ní fhúaras í ar eidrén.
22 Inis Fernmhoighe in fheóir thigh
tathruidh Colla cruth fáoilidh
a chlaochladh choidhche as an ccruth
foirche na n-áolchlar n-amhlach.
23 Le mac Bhriain a brath seisi
in eang thaobhghlan thíre-si
d'éis a ndernadh ga ttám ris
do ceangladh fál a flaithis.
24 Gach roinn do réir na deacra
gnáth ríamh 'gan fhréimh Ghaoidhelta
a láibh goile um chró na cConn
budh mó a oire na a fheronn.
25 Cosmuil nach comhthrom foghla
do chuingidh mac Mhathghamhna
gleó núaidhe gach áonlá air
'sa ttérna úaidh[e] d'Ulltaibh.
26 Nocharbh fulair d'fhior a ghníomh
trer luigh air d'ualach eisiogh
éarla marbhghlan meallus dráoi
da bhfaghbhadh cennus cunndáoi.
27 Tarruidh Colla cíabh na sgath
ní foghthur clú gan chennach
téid a mhaitheas céim os chach
do ré[i]r caitheas a chonach.
28 A dhúthchus do dhruim dhlighidh [266]
da bhfaghbha an t-úr airmrighin
beag an ro chéime d'ó Chuinn
budh mó a fhéile no [a] acmhuinn.
29 Ro féile foillsioghadh gniomh
meanma foghla fúath ainbhfíor
an tshlat a chriaigh na ccuradh
ag mac Bríain ar beathughadh.
30 Mas ar úaisle iartur tenn
ar áoi choguais no choingheall
urra as calma bha chenuibh
tarla ag Colla a ccinneamhuin.
31 Ceann feadhna nach bfríth time

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ré lán go snuadh soininne
grúaidh nocht gan ghnás ’na ghoradh
sás na mbocht do bheathughadh.
32 Aghaidh nach dáor le deóraidh
fáil óir d’éis a hinneonuigh
tráigh torchar le freasdal fann
le mblogthur easdadh eachtrann.
33 Coinneal ghaisgidh ghuirt Connla
sonn catha chlann Mhathghamhna
eochair chomhladh ghleo Gallda
breó go lonnradh lochranda.[x]
34 A dhearmad dhúinne ní díor
in planda d’fhuil na n-airdrígh
Brían mac Colla ar ccenn coimdhe
urra as f[h]érr ní iarrfuim-ne. Ni ...

364

Ní dual gan chuimhne ar ceart ríogh
[RIA 490 (23/N/15), 203]
Mac Con O Cléire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní dúal gan cuímne ar ceart righ
ar eagla(dh) dul[a] a n[d]eimhmbrígh
seal le neart diobh da ndeachadh
bíodh an ceart ar cuímhniughadh.
2 Guais díobh gan dul air rabhradh
acht cion air gach cédchómhradh
cainn gach rígh do(dh) *phréimh ó tTáil
ní díobh féin gan fágbháil.
3 Táinig(h) iarla(dh) d’fuil Mhógha
rí(gh) ris nách cóir cómhróghadh
ceart ó tTáil dá mbeth a mbroid
ní creach gan chóir ó ttáinig(h).
4 Clár(r) Banba na mbeart an[n]amh
ag Dáil gCais do-chualamuir
an lá is lúgha tréan ó tTáil
an Mhúmha féach nách fuláir.
5 (I)s leo cannais cúige[idh] Múmhan
gidh bé do bhedh ’na mhearúgha[dh][s]
fríoth (a) déimhniúghadh le Dá(i)l gCais
rádh na seanleabur seanchus.
6 An lá nách leo Fodla air fad
le maicne Mhógha Nuaghad
a leth riamh do cheart ó Chonn
ní bhiam gan teacht ’na tíomch(i)oll.
7 Dá gcuid dúthchais riam gan roinn
ó A(i)th Chlia(i)th ní cúis merbhuill

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

go Teach Doinn is ré Dá(i)l cCais
an clar(r) do druím an dúthchais.
8 Dun(n) cCláir is Caithir Chinn Leis
Brúigh Rígh ní rádh anbfios
(i)s ó Dhun(n) Trí Liag go Leamain
do bhí siad agá sinnsiribh.
9 Fán Lios Mór-so Mho(gh)-Choda
ní córa Clúain(n) Rámhfada
láimh ré hÁbhain[n] Mhóir a-muigh
cóir ní fághaim 'na n-aighidh
10 A-táid cúirte clair(r) Múman
sgriobhta(dh) a ccairt ag Conqubur
mithid dul [i]na seilbh sin
nó cu(i)r re Téamur(a)[r] Tuaithil(l).
11 Da mbedh gan aoncheart oile [204]
acht [ar] lorg Bhriain Bóruimhe
fá leis fiadh Airt go húmal
Brian is cairt ag Conqubur.
12 Córaide do cheann ó gCais
mo thógha ag iaradh eolu[i]s
aithne dhúin san rian roimhe
gach glún go(dh) Brian Bo(i)raim(b)he.
13 Mac Donnchaidh triath nár t(h)ubadh
rí(gh) dárab comhain(i)m Conqubur
saor an torrachshlat *daraigh
*Donchadhmhic caomh Conqubhuir.
14 Géar lór treise an tríair curadh
más fíor budh hé Conqubhur
an tslat fá treise tédhlach
mac fá treise ag Toirdhealbach.
15 Tádhg mac Toird[ealbh]aigh fa teann
turr gaisge[idh] Gaoidioll Eirionn
[fa] glic um ghliaigh fá callma
*mac Briain is *mac Maghthamna.
16 Mic Conqubu[i]r na gcolg sean
na sudaine f[h]uair áiriomh
meic Donnchaidh do ling gach leth
nár fhill ó Chonqubur[r] Cairbreach.[s]
17 Meic Murceartaigh Móir fá mór cúing[s]
meic Toird[ealbh]aigh f[h]uair uirriom
meic Taidhg an t(s)ochair nár thím
do choithig gach aird d'Eirinn.
18 Meic Dómhnaill mhóir fá mór bloidh
meic Toird[ealbh]aigh nár tubadh
meic Diarmuide nár ear fear
préamh budh f[h]ialbhoige áireamh.
19 Meic Toird[ealbh]aigh fhéil(e) oile
*mac Taidhg meic Bria[i]n Bóruimhe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag sin bun na préimhe o bfuil
a ccu(i)r ré chéile is cosmhuil.
Trí Conqubu[i]r croinn toraidh
Brian Murcheartach Maghthamhuin(n)
díobh fialbhloid(h) fá torcha(i)r tróm
Diarmuid dá Donchadh Domnall.
Cúig Thoirdhealbhaigh is trí Tá[i]dhg
d[o]-chuaidh a cclú os gach aonaird
crobhuing ríogh ré riar sgoile
ré ríomh go Brian Bóruimhe.
Ní foláir líom leth curadh [205]
ón gcrobhung-so ag Conqubur
cheithre trír is seisi[o]r sin
do gnim eision 'na n-aighidh.
A-táid suas san rian roimhe
ó Thá(i)dhg mac Briain Bóruimhe
cúig ghlúine is céd 'na chúmhaibh
*an cliar^{r} riu^{r} níor roinniodur.^{r}
A(i)r áirmhíos san rian r(e)omham
do Dhá(i)l gCais ó Conqubur
geall a gclú riamh níor *redhach
an cliar r(i)u níor roinnedur.
Do *fhágbhaigh mac Lia(i)g Luimne[igh]
ag maic(i)ne Táil tuaMhu[i]m[hn]igh
geall acu tar fhóir Ghaoidhiol(l)
slata is cóir [do] craobhsgaoile[adh].
Mac Caise mór mac Lon(g)áin
*dár *nár bréd d'iongabháil
geall a cclú do(dh)-cháidh ó chogar^{s}
do crú Táil mur thógadar.
Do-bhéar geall do mur dhédhbhloidh
Flaná(i)n Mór mac Toird[ealbh]aigh
an chraobh do-chóidh ós fédhaibh
naomh budh cóir a creideamuin(n).
Ní léir dúin aonlocht oile
a(i)r mhaicne Bhria[i]n Bo(i)r(i)u[i]mhe
acht díoth sgéil (i)s óige ortha
móide [do-]dhéan (do) ghréasachta.^{r}
Un (?) féin ó fuairis a fhios
cair a sean do sheilbh *dhíolais
do lean t'aicme riamh r(e)omhaibh
rian na cairte a Choncubhuir.
Cuímhne Uisneach Mhór Mhídhe
do bhedh uait fá *ainbfine*
Fán Téamhrach na ttullach ngla(i)s
a mhic Donchaidh do dhúthchus
taobh ré taobh ré haoinrígh don fhonn^{s}
is taom d'fíréan^{r} a fhul(ul)u(i)ng.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

32 Cíos cosanta clair(r) Muman
tabhair a thriaith ThuadhMhuman
fuair gach rí(gh) dot phréimh rómhaibh
do-chí féin ma fuaramuir.

33 Eoganacht mhór Caisill Chuirc
ná maith do mhaicne Ghearailt
do sgar an lá roimhe *linn
a-tá a n-aire air m'íntinn.

34 Fios do chíosa a cinn o tTáil [206]
duit-se budh tra(i)th da thógbáil
maith an uair lín[n] dá lean(a)muin(n)
mur fuair *sin[n] a sei[n]leabh[r]aibh.

35 *Deith ccéd bó gidh bé oil(l)e
*deith ccéd muc ós Musruídhe.
meath gach *córadh a cur a bfa[i]d
do cháin ag dol air Diarmuid.

36 Céd bó céd muc airna meas
ó uaithnibh dhuit is dílios
is céd damh ré dé(dh)namh air
*ródh nacharr eimigh obair.

37 Céd deaghbhrat uaine ó Araibh (?)
duit mur cíos a Conqubu[i]r
céd bó is céd torc g[ach] ttí[ghe] (?)
dá chéad molt ní maithfídh[e].

38 Dá mhíle torc tróm an cháin
míle bó aga mbí baotháin
iomdha seanch(úich)aidh dá reic ruibh
dearbtur duit air na Déisibh.

39 Deith ccéd bó nách beag tora[i]dh
míle damh do dheghdhamhaibh
do cháin o cCorca Dhúibhne
sómpla air nách áil éagcúimhne.

40 Míle bó ní beag an cháin
míle torc tróm ré tógbháil
ó Chiarruidhe Luac[h](u)ra libh
d'fhianaibh[r] Cruachna is Caisil(l).[s]

41 Mo is mó ré n-áiriomh oile
cáin tsleachta Bhrian Bó(i)ruimhe
racha[idh] meath mo dhála de
leth na cána gan cúimhne.

42 Naoi ttríocha(dh) céd do cuímhne[igh]
fad chíos a-táid ThuadhMúimhnigh
luíghe ortha ní háil linn
a ccómtha a-mháin ní mhaoidhim.

43 Críoch Bhanba do bhi air éigin(n)
ag Brian mór mac Cinéide[igh]
ré dáil tséd gan iar[r]a[i]dh air
dá bhliagain deag gan deacair.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

44 Do thuit a cCath Cluana Tairbh
ré sluagh Lochluinn na laocharm
ní dá bhreith[r] uaim is gidh eadh
an caith[r] do fuair dá aithfior.

45 Da bliaghain déag go ndéghraith
Murceartach mac Toirdhealbaigh
ger gabh an mhá(i)gh (fá fhé) Feidhlim(e) fein
níor fhan ar eining d'oi[gh]reir (?).

46 Fithe bliaghan ós Bréaghmháigh [207]
Murcertach mac Toirdhealbaigh
ag breith séd *oile uaine
oídhigh do éag aonuaire.

47 Do *fágbhadh Murcertach Mór
grianáin *oile fá annsógh
níor fhéach sin[r] d'falaidh Ulladh
aonchrann[r] toraidh TuaMhuman.

48 Ríog(u)ra[dh] Múman fá mór teann
re (?) creidimh os cionn Eirionn
fithe triar[r] do chlannaibh Chuirc
a-nallainn do iuil[r] oirdeirc.

49 Tádhg Caoluisge gan iarraidh[a]
tug(h) céd each fá órrs[h]rian(t)aib[h]
dá phréimh a ttúis a fhosda[i]g[h][a]
d(o)' Ó Neill a ttuis a thuarusd(h)ail.[s]

50 "Cuirthir ququ dhá chéad each"
do rá[i]dh Ó Neill go neimneach
"go(n) srian(t)aibh tar sruth a-nonn[s]
gu(i)th don Brianfhuil do-bhéaru(i)m."

51 Do fágbhadh leo leth air leth
na heich mur-aon go huaibhreach
tar ais níorbh á(i)l an bhronna[dh]
Dá(i)l cCais do-chuallamur.[s]

52 A ndhiaidh [a] ndeárnsad Ulaidh
as é a críoch a Conqubu[i]r.
ga lá is ám don fhosda[dh]
is tall a-tá an tuarusdul.

53 Easga soinnine síol mBloid
a sean uaire is edh táinig
reallta eo[i]l is léir linne
mur ghréin a ndeo(gha)idh doinnine**.**

365

Ní glóire go gréin is Neamh
[NLI G140, 285]
{Mac Amhlaoibh / Seathrún Céitinn}
[Mixture, Ógláchas]

1 Ní glóire go grían as Nemh

Roinn na Círeibeacha, Col. na Tríonóide, TCD

ní torran tréun go tóirneach
ní anaithe go gaoith a-neas
ní anacra go héithach

2 Ní holc aonbheart goma feall
ní bocht go dul a n-ifrionn
ní aoir go *mole bréig[e]
ní daoith go ben drochmhéine.

3 Ní gabadh go dul ar éighteach
ní heolach go léighthar stair
ní (rest of line blank)
ní martara goma daille.

4 Ní haitheantar neach go hainm
ní tréan go tuitim tuile
ní léir go ttígh an Tigherna
ní ri(ogh) go Ri(o)gh na cruinne.

5 Ní cobhair go trocaire
ní luadhacht go haifrionn d'éisteacht
ní séanach go mbeith oilte
ní baoghal bheith naomhtha.

366

Ní gnáth liaigh gan luach saothair
[NLI G 18, 150a]
Eochaidh Ua hEoghusa cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní gnath liaig gan luach saothair
foireas cách a cceadshaothaibh
ní hoptha[i]r liaig 'na liaig cháir
a n[d]ia[i]g f[h]ortaigh (?) an easláin.

2 Dlighidh gach aoinliaig d'othar
d'éis a chreacht do *chneasadhadh
an luac[h] saothair as l(e)or lais
do lo[gh] traotha[i]dh a tinndais.

3 Cuige a-táim da thairraing soin
rioghacht mhaicne Mhaoil Ruadhnaigh (?)
clar sleasbhainte na síogh nglas
do líon d'easlainte is d'fiabhras.

4 Ar tochradh tug a fáilte
do thuit do thaoibh (a h)easláinte
a duire slím fiarglan fuilt
do siabhradh rinn a radhairc.

5 Ar ccúl do-chuaidh a tuigse
ríoghacht a cóig ceadfaidh-si
eang chleathlán fan gríanghlas goil
le fiabhras seachráin saobhthair.

6 Ní bhfuair furtacht le fada
a-ta ar chrích chlann nDiarmada

Royal Irish Academy, Córas Tríonóide, TCD

eang sgothghlas na cceadfiodh ccorr
othrus as éigion d'fulong.

7 Críoch Bhuille na mbruach mbainte
trean Gall dob í a heasláinte
fuinn craoibhgheala na cciogh nocht
nior ghníomh aoinledha d'furtocht.

8 Frioth léi-si da lucht páirte
liaig fhóirfeas a heasláinte
tír sgothróisgeal fa ttraigh tonn
laimh a hothroischneadh d'altrom.

9 Tar guais a galair fada
frith le ag deaghmac Diarmada
tulcha sleasfhoirfe na sean
orth[a] chneasaighte a céadchneadh.

10 Imcreachadh d'faghail sláinte
frith le ní a los miopháirte
crioch na ngeileas ttairmsigh tte
leighis ainmhín uirthe.[s]

11 Creachloisgthear coirp na n-othar
ar tí a ccorp do cneasaghadh
an tsearbhdheoch a[s] sí as sláinte
ge nimhneach í ar anbh[f]ail[t]e.

12 Do-rinne le ro ceana
leighis di dail deaghleagha
do bhrígh easrain an óigfhir
don tír easláin orcoidig.

13 Leighios tinn tug o thoradh
mor la tug Conqhubhar[ra]
fuil a chnis 'na ttir(i)mcheat[h]aibh te[s]
sli(u)s an imchreachaidh uirthe.

14 Da leighios do loisg athaidh (?)
na brui[dh]ne (?) a mBuill bansgathaigh
foghluidh caomhnus cuirte caidh
's na dúinte um caomhRos Comain.

15 Do loisgeadh a lis corra
do hadhnadh a hithlan[n]a
im seanChruachain níor shámh dhi
's laimh re leathbhruach[aibh] Luighne.

16 Ba minic tolcha troda
tus maidhme o Mac Diarmada
'na n-eanchorcair o fuil Gall
's guin ar sheamcorpaibh saorclann.

17 Minic tug ag traotadh Gall
fir (ag) cách i ccuirteibh eachtrann
's mna ag fiorfógail a bhfolt nglan
os riogonaibh a ccorp ccuradh.

18 Garrtha tuirseacha tinne
minic tug tuar inntinne

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

idir tonnlasradh treabh corr
ag lonngasraidh(e) fear n-eachtronn.
19 Mar sin do leighiseadh leis
foirche Bhuille an bruaigh féarghlais
(do) rug ciaidh don ithbeanaigh feil
liaig dob inchean[n]aigh eisein.
20 Le saothar ndoiligh ndocrach
le leighis ngrinn nguasochtach
fuair an geigeal traichtthe thais
sláinte o eig(h)ion a hothrais.
21 Mac Diarm[a]da ga daim ris
ni mmaite do a luach leighis
(inf)iath (?) an bruaigh lighghil lainte
far dhíbir uaidh d'easlainte.
22 Luach nach iongantach don fhior [150b]
sealbh cean[n]u[i]s criche a shinnsior
an eang linnte tonnbhog the
formad uimpe ní fhuigbe.
23 Fiu a ttarla do *da ttocar
fiu ar chleacht d'anbuain d'iomachur
fiu a dheighbhearta dearbh an dail
sealbh na hoighreachta d'fagháil.
24 Fa Mhadh Loirg lor do phughair
fiu gach olc fuair Conchubhar
crioch na múr ttreadarsaidh tte
tnúth gurb eagcosmail impe.
25 Minic do bhí ar beag ccodail
o iarnóin go hadhmhadain
a ttruaill uir ghairbheidigh ghlais
fan mBuill bhfáingheigil bfearthais.
26 Minic do sinti an taobh tais
deireadh laoi laimh re Seaghais
gan suanleaptha gan craoibh cceoil
re *chaoin fhuairsneachta an aitheoir.
27 Minic fuair mur ceol ccodail
eimhghe ban ar breacmhadain
ar bhru eas ngeagtanamh nglan
ar ccreachtnugadh cneas ccuradh.
28 Ní ar deargadh leaptha luige
ní ar codladh na ar comhnuighe
an t-eigne on mBuill mbreic[mhín?] meir
do shúir seintir a sheinnseir.
29 Seanbhreath riamh o re na sean
idir uaislibh mac Mileadh
riogh[dh]acht do chionn a cosnaimh
san mhíonghort fhionn *eadach-soin.
30 Gar bheag [damh?] da dhearbadh sin
breath na bfileadh uair eigin

Roinn na Graige, Col. na Tríonóide, TCD

bas *cneachtdomain o Thoig Truim
re Coin ceadfudaigh Culuinn.

31 Fa buaighiortha an t-iath Ultach
go ttrasda teidhm diogaltach
clar sean na srollpobal sliom
o mhorchogadh fhear nEirionn.

32 Uathadh re haghaidh gach uilc
do bhiodh Cú na ccleas n-ordhruic
searc da ceadobair nir cheis
nir fheadodur teacht taireis.

33 Coimead mna ar a mac ochta
fedh gabaidh no guasochta
da leathbruacaibh fa díon di
do-niog creachbua(i)c[hail] Cuailgni.

34 Da measud eigis Uladh
do chionn Ultach d'an[a]g[h]al
gur breath claon ar car d'innme
a ttaobh re Madh Moir(s)[t]himhne

35 "Leath Uladh niorb folair linn"
ar sgol Catfadh a ccoitchinn
snadm a ccor a cconmhail sigh
"a n-orlaimh Con an chleitin."

36 Do bhi an traigh mur [a-]ta a-niogh
biaidh go brath do bhreith Chatfadh[r]
*ní shloinim gi be re mbain
"oirroim don te le ttoilltair."

37 Mo ina an roinn rainic cuige
do dhligh[f]eadh Mac Diarmada
d'fiadh beannbán na ngeigeas nglan
do sheanradh eigeas Uladh.

38 Roinn leithe a los a dochar
da measdáoi a bfhuair d'andochar
tig do ceartroinn [Coinn?] chuige
do cloinn dear[c]mhoill Diarmada.

39 Cliath dhuinte dhorus mbaoghal
muir anfaidh nach iontaobaidh
cosg tathaimh gasraidh[e] Gall
nat[h]uir amhsoine d'folung.

40 Leoghan morchlan[n] Maol *Ruadhna
fail oirtha go n-iolbhuadaibh
eigne teachttonn Boinne Breadh
céadcholl (c)oig[h]e na n-inghean.

41 Fear linghthe laithreadh troda
braithre phréimhe Diarmada[a]
comhuirle ionrúin gach fir
*rioghmhaighre ó fionnBhuill éignigh.[x]

42 Fada dlighim da dreich ghloin
coimhniogadh Ao[i]dh Meg Uidhoir

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

iarsma churadh chuain Ile
sduagh *Buille is ainmine.

367

Ní hinmhe a-mháin mheallas rath
[RIA 540 (C/iv/1), 154v]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ni hinmhe a-mháin meallus rath
tosach (a) threabhtha gidh úalach
ni tuirsighthe d'úaim á oir
go húair thuismighthe a thoruidh.
2 Gid edh ni fhásann uile
(an) rath tré fhrémhuibh fíadhuile
a chrúd gidh [...]tfe sonn
túr freacnaighthe go bfaghann.
3 Nír mhór da meallann a-niudh
an ithir ór fhás seision
da cnesugadh d'foilches n-áigh
lesugadh oirches d'fagáil.
4 Mur sin tig í ccenn chéime
mar shechna ar thús toibhéime
's da bhráth ar egna iomláin
an rath d'egla an iotiomráidh.
5 An tí da dtugann a-nois
é féin mur chéile cádhais
cuiridh sé ar sioradhnad[h] ann
fioradhrad[h] Dé go ndénann.
6 Aignedh feithmhech fiuchad[h] iúil
méin griobhdha riaghlad[h] roichiúin
rún caingne coimdhe flatha
airrdhe doimhne deghratha.
7 Gníomh fuiltioch fulang docra
comhall síodh sur oirbherta
bac goimhe i ngar do chenaibh
bladh oile da airghenuibh.
8 Srethad[h] á theisd turnad[h] tnúth [155v]
cealgad[h] sén fioghrad[h] fortún
mur rífhlaith treabh gan tathamh
fer an fhirraith d'iomachar.
9 Tochlad[h] an nadúir ni dho
imach (?) as innibh na hegna[s]
á oirbeart níor cheil a ccert
do-gheibh oigrecht gan oigrecht.
10 Ar bféchoin fhorais n-ana
's an rath a rinn eangnamha
do meall an inme-si d'f[h]ior
na sighne-si lem lúaidhter.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

11 Do bhenas ar ttéma tnúidh
Cathal Óg oighre an fhortúin
néll flatha far íadh gach ar
í ngrían an ratha rugadh.
12 Ioth an túir on búaine barr
mac Í Choncubhair Chúalann
iúl faobrach gan dáil deraidh
áonrath cháigh a ccinneamhoin.
13 Mor ttíodhlaicthe tugadh dho
ó Iosa a rinn a ratha
ar ccumhscughad[h] fhéile n-áigh
ursborad[h] chéime an chonáigh.
14 Beith ag diall ré dáloibh neirt
caitfidh do chnámh á oirbeirt
d'iúl éccoimsi láimh do láimh
céddoirrsi gáidh do ghabhail.
15 An rath a ttós a thoraid[h]
fúair Cathol Ó Conchobhair
gan éigen ga mó menma
dhó 'na chéid[s?]eal cinneamna.
16 Ní mór do mhét a chroidhe
ar sgeinm áith na haimsire
rún aigentach lér fheith ioth
á bheith caigealtach caithfioch.
17 Do bhrégadh na hinmhe air
súaimhneochaid[h] le sé[n?] Chathoil
giodh rolúaimneach soirbh le seal
stoirm anúaibhrec[h] na n-aimser.
18 Sgél bríoghmur bhenus le rath
ar mac óg d'f[h]uil na nGrégach
a thrén a rinn a reabraidh
do légh sinn a seinleabraibh.
19 'Na mhac íarlo dearbhthar dhamh
do bhí an t-ogán óg athlamh
gé do thúair oirbeart is ádh
ni bfúair [e?]grecht go hiomlán.
20 Fiadfraig[h]eas le foirfecht fis
da fhaidh rúin a riocht áinis
da bfuilngedh tol na tedhma
an bfuighbhedh cor cinneamhna.
21 An fáidh ar bféchain a chles [155r]
'na chliathaib[h] fis a bfoilches
do [th?]ríall á ainmhire on fhior
cíall na tairrngere tuicter.
22 Do c[h]uir á ccéill da aithle
don macaomh óg eagnaig[h]the
go bfuigheadh sé seilbhnert sen
ar eighreacht Dé do dhíden.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

23 “Féch féin” ar an fáidh fisigh
“a mhic dédla deghbhisigh
na trí croinn ar do chomhoir
do-chí an chuing do charabhair.”
24 “Fa bhun gach bláthcroinn ghairthe
dhúit ar ndénamh urnaig[h]the
bíaidh an rí dot fhéghain as
do-ghébhair ní nar nochtas.”
25 D’éis ghuidhe do dhénamh dho
fa chóim an ceadcroinn aco
do-gheibh leabhor go lí ghloin
ór benadh ní as ar nertoig.
26 Fa bhun an croinn oile
do-gheibh ubhall orduidhe
ar néimh ar bhúaidh is ar bhriocht
do-chúaidh da fhréimh á roinert.
27 Do-gheibh pictuir go ngné ngluin
’gun tres crann dona crannuibh
gan choir a n-uair an fhedhma
le bfúair toil an tigerna.
28 As í an pictúir Iosa [d?]ar
an t-ubhall as é an saoghal
mar rath nach bí ag deradh dho
an leabhor as í an eagna.
29 Deaghmac orrdhuirc an íarlo
Cathal Óg díon degríaghla
na croinn da ngéilledh gach goil
coing a chéimeadh ó chíanuibh.
30 Leis fríth mur an óg oile
an rath d’ubhall orrdhuidhe
a fhregra giodh senadh sen
leabhar na hegna eissean.
31 Da sdiurad[h] á ttus thoraid[h]
fúair Cathal Ó Conchobhair
pioctúr ’sa ghné ar nglanad[h]
d’iochtrún Dé do dheonughad[h].
32 Ni hinmhe a-mháin mheallus sé
ruithne lúith lasas duibhre
sdúaidh dhédsholus beithre búidh
cédfhorus fheitmhe an f[h]ortúin.
33 Grían shreibhe ’na sileann goil
sblanc fhire don fhreimh Rúarcuigh
lámh athlamh díothladh dearuidh
rathmar fhiochmar aithreamhoil. Fadádh ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Donn[chadh] Mac an Chnáid[he] cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Ní leis féin a bfaghann Áodh
ní ghabhann gan réir a ríogh
sgol ina theach as gach táobh
Áodh fá seach ag dol dá ndíol.

2 A sgor mar na bú do-bheir
a crodh ara chlú do chuir
craobh gan chongmháil ar a cnoibh
Áodh soin ag comhdháil a chruidh.

3 Gan neach do shíol Mogha mhóir
bú díol do thogha ré a tháoibh
ag láoidhedh ó tTáil a-táim
nár dháibh 's gan áoinfher mar Áodh[r].

4 Cách dá shíoladh ó fhleisg Lí [692]
's a theisd ag líonadh gach láoi
ar Áodh mBuidhe ni bheir sé
gi bé duini do-gheibh ghnáoi.

5 D'éis a ttiobhra ar ttocht na ndámh
ní bú hiomdha 'gá fholt cláon
ní gnáth ionnmhas agan fhíal
cách dá ríar as ionnlas d'Áodh.

6 Gan rígh oile a ngar dá ghnáoi
dár ghabh roimhi tír Dá Thí
nochan é an ceart do chláon sé
Áodh acht gib é neart do-ní.

7 Togbhuidh sáoirsi ar Bhanbha Bríain
is Banbha fá dháoirsi dhóibh
sáortur í lé hÁodh Ó Néill
sáor 'gá fhreimh do bhí an Bhóin[n].

8 Cách fá athnamh da fholt tiogh
's gan ainchion ag tocht 'na thegh
ré hÁodh acht go gcuma a chion
cuma d'fior cá táobh i ttreabh.

9 An Brían ór chin ar a chúl
& Níall nachar shir shíodh
lé a shíoladh ní fhuil i nÁodh
acht bráon d'fuil ríoghan is ríogh.

10 Slat gháille ar ar dhána dráoi
córa do mac Áini é
ag Cobhthach Cáol Breagh do bhí
gean gur rí Aodh ar thegh Té.

11 Síad uili d'aóntoil 'má n-íarr
áontuidh leis gach nduini a dhíol
dá ndeach sé ar thogha an dá tháobh
as é Áodh a rogha ríogh.

12 Mac Bríain as éttrom ar fher

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a ndíaidh na gcédbharr do chor
gén gur sáoirsi do fháomh dh'fior
fá chion d'Áodh ni dáoirsi dol.
13 Gan cion acht an chomha chóir
don fhior do dhola 'na dhiaidh
leis gach áon a adhbha féin
lé hÁodh Ó Néill Banbha Bríain.
14 B[o?]than úaisleadh ar ghort nGall
ar slúaigeadh [a]gá fholt fhionn
lé hÁodh cá háoincheol as ferr
gaoithreógh reann gcáol ós a chionn.
15 Go ttabaigh (?) a ttarla ag Conn [693]
'na aghaidh ní tarbha teann
leagar dh'Áodh má do fhan ann
an táobh thall 's gan cor 'na chenn.
16 Canaidh gach duine 'ga dhíol
re a mhalaigh nach duibhi an dáol:
"ni ghunfa neach i ngurt ghlíadh
tar a hucht síar th'each a Áodh."
17 Ar ráith Thúathail tugais ucht
rugais ar Chruachain 's ar Cholt
ma do-chóidh táom tar an gcert
do nert a Áodh do fhóir ort.
18 Tí ghairthi go ghnáth id ghrúaidh
lí h'aighthi mar bhláth ó bhráon
a-tá búaile cheart do chlúmh
ar cúl do dhearc n-úaine a Áodh.
19 Cía tharla mar thu dod shliocht
cá damhna ar nach dú do smacht
fogas ar ngáol ge táoi a ttocht
do bháoi an gort a Áodh ag Art.
20 A gheamhar ag tocht mar thúar
gort do benadh as a bhán
do mhuigh dí at onoir a Áodh
cráobh do bhí ag gabhail fá grán.
21 Talamh re n-iodhnaibh don fhior
an fhiodhbaidh fá thoradh thiogh
ní bhía(idh) sé fá Áodh gan ar
ná gabh an ráon a-né a-niodh.
22 Na foghlaidh 'gá bfógra úadh
an Fhódla 'gá fhabhra sáor
an cúigior do-chúaidh da ríar
gíall ó gach cúigeadh fúair Áodh.
23 Oidhre Néill do dháil a dhúas
dá gach cléir do-chóidh a ngnás
mar chráobha a tamhnaibh ar tós
nós Áodha as amhlaidh do fhás.
24 Ni fhacaidh súil é ré n-ól

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gan a ghnúis ar ghné na gcáor
ó tá do shíor gríos ’na ghrúadh
cá snúadh bhíos on fhíon ar Áodh.
25 Mac Briain Í Néill as núa slios
gan dúal ina chéibh nár chas
dath nach rug áonduine i n-eas
tug cneas ar nÁodhui-ne as.
26 Fuil Eachaidh mar gréin ’na ghrúadh
Ó Néill dá ndeachair gach dámh
dath a chnis uile mar áol
acht Áodh Buidhi ris ’gá rádh.
27 Go n-íarr slat maidhe go muir [694]
mac Aine gan tríall dá thoigh
má tá don ghort táobh nár thil
ag sin Áodh a-nocht a-noir.
28 Tús fedhma d’faghail i n-ágh
as anáir dá earla cláon
díamhair nach íarrfadh a fhían
d’iarraidh glíadh íartha(i)r ar Áodh.
29 Oidhri Briain da nglésdair graigh
nach ésgaidh ón ghlíaidh le guin
gach ré bhfeacht don táobh is-tigh
Áodh mar sin ag teacht an tuir.
30 Gasraidh Uladh ortha ag ól
comhtha Muman agá mháor
caithfid fhir nach íobha an fíon
díol an fhíona do ibh Áodh.
31 Go hEmhain ag teacht a-tád
lé a cheanaibh mar do chleacht síad
cáin ar nÁodhai-ne ó fhéin Ghrég
tréd do réir (a n-)áodhuri íad.
32 Ni gabhair nert ar Íbh Néill
neart ina n-agaidh ní fhóir
do shuidhi re táobh ó tTáil
do-chóidh Áodh Buidhi tar Bóin[n].
33 Searrach Í Néill as núa cruth
ar a lúas ní léir do neoch
do sháor ó Cuinn ar an gcioth
an rioth do bhuing Áodh a heoch.
34 Cóir breacdhonna áosda ag ól
etorra ’s a[n] t-Áod-sa ar-áon
cía d’úa Néill as neasa i n-ágh
dámh ag béin a fheasa dh’Áodh.
35 Mac ríogh a hadhbha na nArt
damhna gan díon ara *neart
ag sin lé a mháor cách go Colt
d’Áodh a-nocht as tráth do theacht.
36 Do ríar sgol as ullamh é

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a chrodh gan bhronnadh ní bhí
ní thúairfeadh (?) láogh Áini é
ar Áodh dá mbé náire um ní.[x]

37 Ó chl[ú a]n Chalbhaigh san fhionn úr
a c(h)lú ag anmhain 'na linn láin
caithmhioch í ar an bflaithius fúair
do-chúaidh sí ar mhaithius tar mhnáibh.

38 Rug d'F[h]ionnghúaloinn geall ar ghnaoi
as d'F[h]ionghúalainn as f[h]err é
gidh iomdha ní gá dháil dí
ní dá mbí 'na láimh ní lé.

39 A-tá croidhe id chéile bháoi [695]
as féile gach cridhi i gclí
d'áon ní béim is ar bhronn sé
dá mbé *Áodh a-nonn gan ní.

40 Don Easpáinn ós gar a ghnáoi
ní sgar risan Easpainn í
fer coisi don fhéili é
sé as rédhe a-noisi um ní. Ní ...

41 A himpidhi linn gach láoi
ná fill ón impidhe í
leig mar sin lé Muri mé
do ghuidhi a Dhé ar nimh do-ní. Ní ...

369

Ní mhaireann d'Éirinn acht Aodh
[RIA 540 (C/iv/1), 157v]
Muiris mac Torno Áoi [= Uí] Maoil Conaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ni mhairionn d'Eirinn acht Aodh
da bféchtar í ar gach aontaobh
a lethchuing eile ni fhuil
do mherchloinn thighe Tuathuil

2 Seanfhlaith eile na hEirenn
'ga mbíodh cuinme a ccédchéimionn
terc áon gan dhio[gh]bhadh don druing
acht Aodh fíorbhun ar bfuloing.

3 A los gac áir dar éirigh
do ghasraidh fhóid fhinnEibhir
d'iarsma Ghaoideal na ngleo ttiugh
ni beó áoinfher mar eision.

4 Adhbhor cumsguighthe croidhe
ni bfuil d'áos a choimhrighe
a n-inis Fáil ge saobh sin
acht Áodh a-mháin 'na bheat[h]aidh.

5 Ni mhair sinnsior sasuighthe sgol
a ccoiged[h] armrúadh Ulad

Royal Irish Academy, Cal. na Tríonóide, TCD

a ttréithe as neamhghlóir a-niugh
senróimh fhéile na bfiliudh.
6 A ccrich Mhidhe na múr sen
ni fhuil acht áit a sinnser
clár fóidsen fa sáordha seal
na a ccoigeadh laochdha Laighen.
7 Duine beo dha senoibh sin
a-nois san Mumhoin mhaighrigh
d'fíonfhuil Eibhir fhinn ni fhuil
tréinfhir nár *thuill ó íorghuil.
8 Mairidh thrá í ccrích Chondocht
Dia da dhíon da bhúachullocht
brath naomh cathadhbha Codhail
Áodh catharrdha Ó Conchubhair.
9 An drithle bheó nar báithedh
fer a héigen d'iomshnátheadh
úa Cathail cáoimhdhile ceall
sáoirbhile achaidh Éirenn.
10 Coimius ni hurus d'áoinfher
d'ógoibh shleachta senGháoidheal
le beithir cháirn na gcleas n-áigh
ar mhes ar ainm ar anáir.
11 Ar mhéin mhorrdha ar toirbhert ttrom
ni fhuil áoinfer 'na chonchlonn
ar gháois ar réidhe ['s] ar reacht
ar áois ar fhéile ar oirbhert.
12 Diultadh da ndlighthibh senda
nár don uaisle Eirennda
do chuir ní da hanáir as
gan gabháil di le dúalas.
13 Tarla d'óguibh indsi Bregh [158r]
a-nois iar n-ég a n-aitreadh
na slata on tsenBhóin tsrothaidh
nemhghlóir acu a n-ealathain.
14 Do toirnedh a méid mhenma
le claoclódh na cinneamhna
a-ta an úair-si ag cur 'na ccenn
á mair d'úaisli na hEirenn.
15 Ni fhaghoim *dóith a nduine
d'óguibh innsi Láoghuire
mé ón fhíalfhuil gach láoi ar leith
fa dhláoi díamhair a ndichleith.
16 Re linn na bfileadh bfoirbhthe
lucht sgáoilte chesd ccrúaidhdhoirche
ni bfuigheadh sinn nar samhoil
moladh chinn ó cConcubhoir.
17 Giodh bé mur táim giodh trúagh sin
iar n-éirge áir da n-éigsibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

as terc ag caithreibh Chathail
m’aithghin re[sin] (h)ealathain.
18 Ceart mh’aithredh da bfaghoinn féin
do-dhiongnoinn sencas soiléir
mur as dúal ó dhúthchas damh
do shlúagh cúlchas na Crúachan.
19 Do réir mur tá a leabhroibh linn
do-bhéroinn dóibh mur dhligim
fíos chomchubaid[h] ar sgríobh sgol
ar shíol cConchubhair Crúachon.
20 Na frémha or fhás a folt lag
do nochtfuinn do gan dermad
croinn díona dar tharbha toil
ríogha Banbha gan bhern(i)o[i]dh.
21 Eochaid[h] is Mhuiredhach mór
Fiacha Cairbre na ccathshlógh
Cormac Art Áoinfer is Conn
re sgáoileadh na n-alt agom.
22 Fearadach Criomhtann Nia Náir
righthe dh’árdad[h] a hanáir
níorbh [úath?]adh d’Éirinn on fhuil
Túathal Feilim is Fiachaidh.
23 Mor rígh eile nách iad sin
fríoth re ríomh san réim dhírigh
fir fa garg ag tríall tionóil
ó Bhrían árd go hEiremhoin.
24 Do bhí gach duine don druing
’na rígh Condacht gan chomhruinn
cro sáorshlat dar ghíall gach gail
ó Bhrían go hÁodhmac Eoghain.
25 Ó Aodh mac Eoghain a-le
an mhéid nach raibhe á righe
úa Conchubhair ainm gac fir
ó ghairm chomhchubaidh chinidh.
26 Toirrdhealbac[h] mór Rúadhri réidh [158v]
fa trén ar Éirinn iadséin
gé ta gairm na ngríobh ccalma
a n-ainm ríogh ó fhresabhra.
27 Ni fuighter da fhréimh roimhe
súas ó Áodh go hIughoine
fir lér théigh in tír-si Chuinn
céim is isle na [a] n-abruim.
28 Acht Aodh Cruachna cosg bine
ni fhuil da áos aimsire
don phudhair do fhás re headh
lén cumhoin gnás na nGaoidheal.
29 Mor an feidhm a bfuil re seal
iar n-ég éinigh na nGaoidheal

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is aghaidh chlíar Éirionn air
ríar a ndénonn as deacair.
30 Baile in Tobair treabh na sgol
iosdadh líonmur láoich Cruachan
deghadhbha nar chlódh a cert
róimh na healadhna d'éistecht.
31 Samhoil do Dhurlus na ndámh
treighe an bhaile f[h]úair iom(h)rádh
ar dhíol clíar ar sgáoileadh sgél
ar ríar áoidhedh is éttrén.
32 Iomlaoidh go céile Cruachan
Aodh échtach na ndergrúathar
ni bhía a-nois da tháobh mur thuinn
acht bráon re bfrais dar bfoghluim.
33 Fúair cinnbhile chláir Meadhbha
trí tiodhlaicthe on thigherna
ni crann folamh dar fáomhadh
moladh clann is cíanshaoghal.
34 Tarla a nAodh eineach Gúaire
gaisgedh Chon na Cráobhrúaidhe
gnúis fhíal as oirrdherc betha
cíall Cormaic 'sa ceirtbhretha.
35 Da ttegmhadh trom an phudhair
oidhidh Aodha Ui Chonchubhair
mairg tair gan aithgin eile
do chaiththreibh chláir Chonoire.
36 Cia da n-anfa da aithle
a dháondacht a dheghaithne
a bhann dúire ind gach deabaid[h]
's a bhárr úire d'aoidheadhoibh.
37 Ni bfuighter fer a leanta
a ttromdhacht a ttoirbherta
a n-ám f[h]aghla is anshóidh sgol
a tharbha as onóir d'ollamh.
38 'Na leabroibh sgriobhtha ag sgoloibh
ainm Aodha Ui Chonchubhair
ag cách 'na dhíaigh gan dhuilge
bíaidh go bráth ar biothcuimhne. Ni mhairionn
39 Inghen Uí Rúairc an rúin dil [159r]
ni bfúair áoinbhen 'na haimsir
breith ghill fhéile 'na haghaidh
céile chinn Ó cConchubhair.
40 Tug oidhidh inghine Bríain
clíara Éirionn fa áoinchíaigh
creach na dáimhe re seal soin
ben mur Mháire gan mharthoin.
41 Ben a tuigsi 's a tréithe
a huaisle 's a háirdchéime

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

deghtheisd a ccríaidh as dlu[i]gh dhi
'na díaigh ni fhuil dom aithne. Ni ...

370

Ní mhaireann Teamhair i dtuaith
[TCD 1291 (H.1.17), 161a]
Patchwork of lines from different poems?
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Ní mhairenn Teamhair a ttúaith
ní bhfuil Eas(a) Rúaidh [i]na thocht
Fionn mac Qubhail flaith na bhfían
a bhen theid go Slíabh Dhá Chón.
2 Ad-chonairc ceist aga chur
cía is luaithe a-niudh no in cheairc
do-rinnedh Ó Ferannan feall
ar Ó Ccongail na cceall mbeag.
3 An bhfáca tú an brathair bocht
is mairg a-nocht a-ta gan arm
inis duinn a bhen sa Muighth (?)
nar cuiredh catha Chlúan Tarbh.
4 Do toghladh bruigh an dá beann
cumadh leam séilg sleibhe Croit
iómdha sionnach ar Slíabh Guadh
fáda fua(i)r an oidhche [a-]nocht.
5 Do-rinne Fionn eirghe mhoch
ní hionnan broc agas fíadh
do bhen na faghthar ar faill
tangadar Goill go Ath(a) Clíath.
6 Fuar mac Samhain a ghuin
gach a ccluin na bid gan arm
fadá liom garadh is Goll
tainnic long í sliabh an Chairn.
7 Do dherg mac Lughach a lámh [161b]
iomdha bád ar in tr[i]uir
tarla do chrann air an tsop
druid romham go Ros Meic Thriuin.
8 Do thuit meirge catha Cuinn
leig don luing teacht i ttir
marg nach bfuil a bhFeraibh Ceall
ait a ccurfinn cenn mo lín.
9 Maith an maradh (?) mac Cleóid
do toghladh fá dhó in Tráoi
ní bfuil san saogal acht seal(l)
is aithne dhamh fer gan mnáoi.
10 Do-chúalaidh me gloidh san bpuirt
ni hionnan muc is art (?) miol
do marbh Goill i gClúan Tarbh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

Érinn (?) ard innis na righ.

11 Seachtmain on Inid a-nocht
tainic long a bport i bhaid
do bhi cloidheamh ag mac Ceacht
is iomdha sgeal(l) ar na mnaibh.

12 Connall Cernach do mharbh Conn(n)
is a loinn fon mhuighe ré
do-chuaidh in chlaictheach air cuairt
Í (?) Ruairc bhis Ó Neill.(?)

13 An bhean-sa fa ndenur éd
is binne beal no ceol crot
do thuit encrann Innse Fail
na dena do dhail go bog.

14 Ni hionann cerc agus corr
do baiththedh long i [Sliabh?] Liag
cía donn fhéin lér cengladh roc
dál chatha ider Corc is Níall.

15 Mac Subhaltaigh na slegh(a) slim
Con Cholainn do chinn táir chách
do mharbhamair fíadh air-áon
do táoibh tsíar donn tslíabh bán.

16 Mór mo dhonus tair chách
beg nach bfuil an bás ar mo bhel
iomdha arracht i nGleann Roith
ag sin an chruit airna glés.

17 Donnchadh Mag Uidhir na ccreach
fer nach ccurinn cerc air éill
na leigedh a chóir re cach
na leigeadh mo dhail leis fein. Ni ...

371

Ní taidhbhse gan toirt an rath
[RIA 540 (C/iv/1), 165r]
Tomás Ó hUiginn cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní taidhbhsi gan toirt an rath
gidh gnáth le cách é d'égnach
da ttoil ar áth a fheithmhe
go ttoir tráth a thuismighthe.

2 Ni sgáile a sgathán fholamh
rinn an raith ag frémhughadh
mar chetmhuighes gach cnúas te
lethnuigheas mur lúas luisne.

3 Srethad[h] re sighnibh nana
fachuin áos á ionnramha
gan lí orghrána re ais
ar tí congmhala a chádhuis.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

4 Stiúradh an fhortúin fhíre
ríaghladh grinn gach gnáththíre
clódh ettréin gan fhatha ar oil
céidréim ratha do rochtoin.

5 Ni hionann as oighrecht cháich
gidh maith le neach é d'fagail
a mhaith ni hantrom ar fhior
altrom an raith da roisior.

6 Ni mhesann méd a dhocra
ni thuigionn teidhm iasachta
a briocht díanghairthe is díor dho
do bhríogh ríaghlaithe[r] an ratho.

7 Bíodh gurbh inmhesda ainm maith
ni misde duine deaghrath
a loch(o)tob(h)ar fa luigh goil
a fhothrugadh d'fuil úasuil.

8 Gidh inmhe ar tós a toighiocht
gúais do chách a cennoireacht
na dúaigh-si níor fhéch go hur
go frémh na huaisle d'ionnradh.

9 Mac caiptín Groidhen gus tnúith
gaisde grinnil an fhortúin
fer freacnaighthe an raith go réil
mur fhlaith chertuighthe a chinéil.

10 Toirches raith 'na réim báoisi
oighrecht ghnáth geall rogháoisi
da úaim le háth an fheithmhe
fúair a ttráth a thuismhighthe.

11 Siubhlach da iomrádh 's gach fíadh
an da oighrecht f[h]úair Uilliam
menearruidh tnúith gan tráigh[s]
súil le céimennuibh conaigh.

12 Uilliam mac Uaithne Í Máoil Mhúaidh
eite lúith ainghes anbhúain
níor smúain an úain-si d'obadh
fúair an uaisle a fhothrugadh.

13 Na slighthe a sirthear an rath
na docra as dú da fhíadhach
an oighrecht ghábhaidh do gheabh
d'oighecht tarraidh gan tuiseal.

14 Tír a shen giodh úalach d'fior [165v]
do díon d'iomlat na n-aimsior
dhó gan búanfhoghoil do-bheir
a ccló dúadhamhuil dlighidh.

15 Cealgaidh re briathraibh búidhe
ansocht á áos iomtnuidhe
mar aodhaire lamh do láimh
a cclár caommhuighe Cruacháin.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

16 Geall ar gach docra dhiobh sin
rug Uilliam mac mic Láoisigh
d'úaim chríoch a fhréimhe roimhe
d'féile d'fíoch is d'foisdine.
17 Foisdine a mac samla sin
do stiúrsad athaid[h] d'aimsir
d'iúl ríaghla oirbheirt is áigh
d'iarla oirrdeirc san nAlmáin.
18 Do chosnamh a chríoch amhra
ar úathbásuibh examhla
gan teidhm na doirbhdeacra dho
d'feidhm oirbherta is eagno.
19 Do mhédaigh tenn a thíre
do chosain a choimhdhíne
a díoth le treimhsi níor thuig
críoch a reimhsi go ránuig.
20 Re bél oighedha an iarla
do fíoradh fios drochbhliadhna
bíodh gur tenn saoghalta sin
fa cenn caomhanta a chinidh.
21 Do dearbhadh doibh a ndocra
ód-bath cenn a ccosanta
beg cás na sáorfhoirne so
go fás aonoigre an íarlo.
22 Ar ttecht oirbheirt an oighre
lionais rath go ródhoilghe
gan fhíoch gan aithmhéile air
críoch á caithfhréimhe cosnaidh.
23 Caiptin Groiden ga ferr fios
an t-íarla ler fheith flaithios
a ccenn a raith 's a reachta
gur chaith éarr á oirbherta.
24 An fine d'éis an iarlo
do hairged d'feidhm áoinríaghla
na foirne gan chás 'na ccert
ar bfás á oighre a n-eiffeacht.
25 Uilliam mac Uaithne Hí Máoil Mhúaidh
an t-óig ré diongbhus degbhúaidh
ar crúdh céille 's ar coimhde
do thúr céime an chédoighre.
26 Lais do c(h)osnadh céim fine
chuige fíorthar fáisdine
da oides ga mo meabhoir
do croid(h)es an cindemhuin.
27 An *t-áinois le ttuillionn toil [166r]
an gníomh as goire d'adhbhar
'na ccáomhantar clar a shen
le cáolfhocluibh fádh fúaiter.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

28 An solathar gan chlódh cceirt
do-ní le núaidhecht oirbheirt
le fíadh a chinidh gur chuir
a ngrían an dlighidh derbhtuir.

29 Mar sin nach taidhbhsi gan toirt
ríaghladh an ratha oirrdheirc
do-gheibh sé seimhleighes de
an té chéimnighes chuige.

30 Ni beg dhúin da dhearbhadh sin
céim Uilliam mhic mhic Láoisigh
ag sníomh á ratharbha a rúin
do dhíon atharrdha an fhortúin.

31 Mac Onóra aignedh fis
snaithe saoghail an ainis
fos flatha chinn ar ccoimhghe
linn an ratha as rodhoimne.[x]

32 Bíodh nach fiú misi Muire
d'atach trém choir cholluidhe
ar fheirg dhírigh an Ríogh ruinn
na bíodh dar-iribh oruinn.

33 Airrdhena Uilliam 's gach eacht
do mheabhraig[h] Mairgrég Clifert
da núainell feile go hur
d'fúaighél a céile a ccomhar.

34 A méin iúil go bfos flatha
lor do dusgadh deghratha
grúaidh dealbhghlan go n-aithne n-áigh
do dherbhadh caithme a chonáigh.

35 Inghen Uilliam thógbhas tnúth
fúair a fhoighreadh san fhortún
ar ríaghoil rechta ar fhéile
d'fiadhain shleachta a sáoircéime.

36 Súr toile tibredh serca
frémh don ghlanchoill Ghaoidhealta
pailm úr as oiregh[dh]a d'fiodh
glún ar n-oilemhna a n-eigion. Ni ...

372

Ní théid caitheamh i gcloinn Táil
[O'Conor Don, 297b]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Ní théid caithemh a ccloinn Táil
leis nach loinn caithemh ar chléir
ní budh breth rechta do rígh
ar nech dhíbh da mbenta béim.

2 Ni céim tar ais d'fine Ghall
fine Chais céim ós a ccionn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

lór an tríath a-ta fá a ccenn
an lá dob ffearr fíadh na bFionn.
3 Mac Conchobhair na ccúach n-óir
darab dúal comhchobhair cháigh
féch an ferr a bfaghtur úaidh
an geall fúair Donnchadh ón dáimh.
4 Giolla geal nach gealann tonn
ga fer dá nach benann barr
beiridh sé san ghlíaidh an geall
dob ferr d'Ibh Bríain gan é ann.
5 Seal 'na churaidh bí[dh] Ó Bríain
bí[dh] 'na brughaidh bí[dh] 'na righ
ga cás a ttorcair d'Íbh Táil
dháibh & fás Donnchaidh dhíbh.
6 Do-béra a seal ar shíol cCuinn [298a]
síol Énna ní hé nár ling
do éimghigh rogha 'na roinn
ó Mhogha ar chloinn Éimhir Fhinn.
7 Nár don droing gan dénamh a ngáoil
do-bheradh cách fa chloinn mBríain
más lucht miogháoil maicne Tháil
diomháoin dhaibh a ccairte ar Chlíaigh.
8 Téid fa mhéud na ttreisi a ttnúth
an treisi ina ttéid ó Dúach
an té as mó le ccluine(dh) cách
ní gnáth dhó nach bfuighe lúach.
9 Fa onchoin s(h)einlitrigh sróila
deirbhfhine Dhonnchaidh 'na dhíaigh
timchel í Shadhbha a n-am áigh
clann Táil as gabhla don ghlíaidh.
10 Leis gion gurbh anshocair é
radhocair bheith mar do bháoi
iomcraidh leth a hingen í
each as í ar bfilledh fáoi.
11 An soithech lán ní budh lór
dá roiched go ráth na Niall
anta dhó 'na damhna ríogh
ní mó ina díol Banba Brían.
12 Fer ris nach gabhtur a ngleó
ca fer lé a bfaghtur a chlú
tug Donnchadh dha lá sa lá
má tá lá nach bronnfadh bú.
13 Ní bhía gan crodh cenn ó mBríain
'na chenn acht go dol do dháimh
créd fa bfaghoibh bladh ar bhúaibh
ní tabhair úaidh acht cradh cháigh.
14 Donnchadh ciadh fa mbíadh gan bhladh
mac Í Bhríain na mbronntadh ttiugh

Royal Irish Acad. / Col. na Tríonóide, TCD

an bladh gion go mbé ar a shon
ní mhair an crodh a-né a-niugh.
15 Tabhu[i]rt comhairle as dúal dúin
m'forfhuighle ré húa na mBrían
da ttuga a lámh a laimh riogh
síol Táil fa thugha na hiarr.
16 Féuch an túaluing triall a-nonn
fine Bríain na mbuaball ccam
gion go ndlighe céim 'na ccenn
gá ferr fine Neill a-nall.
17 Do bhí a-nalluin Fód(h)la fáoi
gan foghail gan fogra shlúaigh
cumhain as nert ag Íbh Neill
geill Uladh ag techt a-túaidh.
18 Ag dol í n-áth nó ag léim lis
ní gnáth bur ccur céim tar ais
mor an barr an cert ré chois
bur nert a-nois a chlann Chais.
19 Nír cuid mur í as égair duit
don edáil is í do chuid
beirt gach ríogh torchair sa troid [298b]
ó shiol mBloid a Dhonnchaidh dhuid.
20 Tugais dháibh diolaidheacht fhíach
do diolaidheacht ní dáil ghnáth
iomda dhíobh 'ga bfuil bar bfúath
bíodh do lúach a ccruidh ag cách.
21 Da ghemur do ghiall a n-úir
slíabh 'ga treabadh mur búdh tír
gach lerga 'na tolchoibh túair
ag búain sealga Donnchaidh díbh.
22 Mall ar mhuillibh mall ar thoinn
crann ar[a] uillibh do fhill
dál a cabhartha ag an ccoill
grán ag boing laburtha a linn.
23 Táin a n-áth sreabha 'na súan
fedha dá mblath laimh ré lár
ga beg d'aithne ar ádhbur ríogh
síon ag ádhnadh thairthe trágh.
24 A hainm a-bháin 'ga bhreith dhíbh
a chlann Tháil nár teich a nglíaidh
ní théid ben a hanma úaibh
gidh edh do-chúaidh Banbha Bríain. Ni ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

373

Ní théid clann ó chóir a n-athar
[NLI G 167, 153]
Giolla na Naomh Óg Mac Craith .cc.
[Séadna, Dán Díreach]

1 Ni theid clann o chóir a n-athar
íoc a fhíach as eigen dí
do-bhéra an chlann cóir san oidhreacht
mas clann dar cóir oirbhert í.

2 Clann gach athar iarrus oidhreacht
úmhla ’na ccóir do chleacht mé
os cóir a cur ar gach n-aoinfhear
dul om chóir na saoileadh sé.

3 Biodh mar fhúigfeas oidhre Maghnais
ni maith breth ag nach bí barr
as mó as fada ferg ar n-aithreach
ferg na troda as aithbhreth ann.

4 Na biodh ag triath tíre Conoill
cogadh rinn nach racha a ccrích
tráth do chodail d(a)’fhíoch gan ádhbhar
crioch gach cogaidh snadhmadh síth.

5 Ni lenta dhó f[h]eirg ar n-aithrech
oidhre Í Dhomhnaill nar dhiult áon
ni buan fearg ar fholaibh úaisle
cobhair da serg uaim-si Áodh.

6 Do-ghen do dhioghrais ar molta
mac Siubhain nach saoghlach crodh
tar ais go ndedhlam ar ndiomdha
frais degrann da ttiubhra tol.

7 Nar dhíol fós i bfeirg ar n-athar
d’uaithne Gaoidheal na ngreadh soirbh
ag so an rádh nar obtha óirne
dán molta ’ga oidhre óirn.

8 Urraim gach tíre ag tír Chonoill
ní cúis tnútha gur thuill sí
breth brughadh le breith na bfileadh
beith umhal gur dligeadh dhí.

9 Nar bheirid Gaoidhil ghuirt Fionntain
urraim riamh o rioghraidh Gall
on da thaobh ar fhoghlaim n-einigh
Aodh O Domhnaill beiridh barr.

10 Nir fháth oirbherta d’fóir Gaoidheal [154]
geall d’Ó Dhomhnaill an tráth tug
neach do-chuaidh do thóigh na togha
on sgoil fuair an rogha rug.

11 A-taid rioghradh Rátha Cruachan
is crioch Laighen na learg ccláon
rioghradh Mumhan fan mir curadh
umhal mar thír Uladh d’Áodh.

12 On cheidAodh thuas tig ’na thimchioll
Tír Aodha ’na hainmnidh uaidh
ga fios ca hAodh dhiobh as dísle

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Tír Da Aodh an tír-si thuaidh.

13 Maith an chobhair clú dar ndreim-ni
d'O Dhomhnaill da nderna mé
moladh dhó nach dernadh romhainn
dearbhadh as mó óirne é.

14 Sgél fíre nach fríth gan eólus
ar airdrigh Fó[d]lla fuair mé
ar ccaithemh seilbhe ar ghort Gaoideal
dob eidhre d'Art Aoinfhi[o]r é.

15 Foilches fleidhe fuair 'na egmhais
adhbhar a f[he]irge as é so
tig don fhion nach fhuair an t-ollamh
gruaidh an riogh do dhonnadh dó.

16 Feadh a chuarta a ccóigeadh Meadhbha
re mac Airt do fhergaigh sé
móide a luagh a thechta o Themhraigh
eachtra an druadh do mheabhraidh mé.

17 Gibé tír a ttárla an t-ollamh
oidhre Corbmaic dar chóir tail
fada an cháirde fuair an fer-sin
gur smuain Cáirbre easbaidh air.

18 Cairbre Libhtheachair lann Gaoidheal
geall re hoidhrecht dob fherr dhíobh
do chuir sé ar an ollamh iarraidh
óradh é don riaghail ríogh.

19 Tainig Fitheal file Corbmaic
i ccenn Cairbre nir chuairt dháor
fada ar ttriall madh feirde mh'anóir
riar mh'feirge nirb furáil d'Aodh.

20 Eolcha dhamh-sa denamh molta
mac Maghnais da measadh sé
fechain diol Cairb[r]e don cheid(h)fhear
airde ar ngniomh madh éigean é.

21 On da thaobh fa ttuillter urraim
d'oidhre Corbmaic rer chóir tnúidh
ni bheraidh geall ar cruas comhloinn
's bu ferr duas I Dhomhnaill dúinn.

22 Ni bhia(idh) Banbha ar bhreith a námhad [155]
a-nois a-tuaidh tiocfaidh sé
benfaidh cláon a tulaigh Temhrach
cubhaidh an t-Áodh Engach é.

23 Ri budh gnáth ag gabhail Temhrach
a-tá riamh ag teacht a-tuaidh
denadh do chabhair chlair Fó[d]lla
náir Danair gan fhógra uaibh.

24 Clann Dálaigh gan diúltadh troda
a ttús do thionoil teid siad
ealta degshloigh ar cenn cána

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

drem as nemhdhoigh ágha iad.
25 Sgol énoide as uaisle foghluim
fian Baoigheallaigh nach beg clú
beg sgáth an fhedhma ar an ógbhuidh
do tháth Temhra tógbaidh tú.
26 Do-chí chugaibh go gcolg troda
terc aca nach ortha feilm
do mhochaltaigh tú arna ttomhus
crú Dochartaigh bhlodhus beirn.
27 Do chruinnigh tú a tuaisgert Uladh
ealta borbshluaigh nach bris síod[h]
do chloinn tSuibhne na ccró catha
rer mhó suirge an ratha ríogh.
28 D'feaghain Temhra tiocfaid let-sa
lucht do chosnaimh ar chath Gall
ni mallchobhair Gall do ghabhail
clann Ghallchobhair d'faghail ann.
29 Tig chugaibh a coigeadh Meadhbha
meisde gach tír thiomchlas síad
ga sluagh as Danarrdha denamh
tuar anúmhla ar fhéaghadh iad.
30 Rachaid leat-sa ar lorg do chóra
a crích Mumhan na magh réidh
sluagh ar nach bíodh námha nertmhar
líon ágha ar nach lamhthar béim.
31 Ar tháth Temhra ma a-táoi ag bagar
biaid agad ria n-éirghe a-tuaidh
bró daighfhear nach dóigh i ndeabhaidh
sloigh Laighen le mberar buaidh.
32 Tegaid a-tuaidh tionól míleadh
ar magh Temhra do chur chrú
fada a-tá 'na tealaigh nuachair
os d'fearuibh mná Tuathail thú.
33 Sgél nach cóir a chur a n-íongnamh [156]
fa íath Banbha go mbeid réidh
fiadhain Ghall na gabh ar Éirinn
na rann do mhagh Feilim féin.
34 Ni fhuair o Chonn acht críoch Mhumhan
Magh Nuadhad as nemhbog clú
gabh go tuinn an ghárrdha ar Ghallaibh
Banbha Cuinn na ranna[i]dh rú.
35 Ag sin ag cách céill do thineoil
Temhair Bhreagh do bheith gan rígh
na gabh(adh) comhairle o fhóir Emhna
fóir rodhoilghe Temhra an Trír.
36 Geall re clú nir chuirthe d'aoinfhear
on iarraidh tesda a-tá fúibh
as tnúth sin nach tteid a ttarbha

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

an méid ribh ’ga ttárla tnúith.

37 Dáil do mhaoineadh a meic Siubhain
ag so an cheird da ttugais tail
cur do chlú do fholmhaigh th’oidhir
foghlaidh do chlú oinidh air.

38 Sgol le hantoil d’oidhre Mághnois
do mhian an tan *adhnaidh t’fherg
ag so Drobhaois fáth a fuirigh (?)
foraois ghnáth far suidigh sealg

39 Iosdadh caithmhe chloinne Luighdech
i láimh biodhbadh ni bhia an tech
cosmhuil an múr thall is Temhair
re Dún na nGall berar breth.

40 Gabhaim cumairce ag Cloinn Dálaigh
díothladh m’fhala dob é amm
ni cuirthe dhóibh diomdha im aghaidh
iomdha cóir nach faghair ann.[x]

41 Rachad ar sgáth sgéith na hÓighe
a fherg ar ccúl cuirfe[idh] sí
ar mben ghaoil do-choidh dar ccobhair
coir an taoibh nach omha[i]n í.

374

Ní tráth dod dhol, a Dhiarmaid
[RIA 2 (23/F/16), ‘O’Gara’, 185]
Tadhg mac Daire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ní tráth dod dhol a Diarmaid
do grásaibh De dianiarmuid
gan t’iaraigh ’mun am-so as
ní hiaraigh fallsa fhoghnas.

2 Cach ag feith[e]amh re fada
ort a iarua Diarmada
a n-úair do thoraig do theacht
nír fhoghain an úain dh’imtheacht.

3 A-táid sealad ag súil ribh
drong fuair a gcrádh ó chumhaigh
do sháoil búain doimheanma dhíobh
goimheamhla úaibh a n-i(o)mshniomh.

4 Meinic fúair siad-san sompla
eaglach gach áos athghonta
fa diombúaine ré agad fhréimh
más gné diombuaidhe dhoibh-séin.

5 An tráth fa laindherbh leo-soin
grían d’fhaghail d’eis gach dubaigh
ann is tromdhoirche on tuirsi
clann chormfhoirfe an Chobhthaigh-si(n).

Royal Irish Academy, Coláiste na Tríonóide, TCD

6 D’fheirg Dé réd dháoinibh bochta
tig truime do ghuasachta
go gcuire sé críoch ceannsa
[is] síoth nDé dot dhidean-sa.
7 Deanta dhóib fa gan (?) do dhol
guidhe dhíocra ar Dhia Athar
deanta ar Dhia aithmhéala an uilc
le n-aithreagha Día a dhioghuilt.
8 Do athraigh Dia a dioghailt ttruim
o slúagh Nenuibhe a[n] níamhfhuinn
do bhrígh cháoinidh a gcoire
le háoinibh lé húrnuighe.
9 Go n-aithrighthear amhlaidh soin
dod t’fhurtacht a mhic Murchaidh
go gcoimhlíonadh do ré ribh
doirbhdioghal Dé ód dháoinibh.
10 Coruide dhóibh tréd dochar
an ghuidhe do ghearachadh
cúis orcra choidhche umad cheann
nach fuighthe choidhche an t-aithgheall.[a]
11 Damad é cinneadh Dé dháoibh
do bhreith uatha a n-áois macáoimh
cia da mbía comhthoil ag cách
no cia ara bfhaghthar t’iomrádh.
12 Cia dha n-anfadh dot t’oighreacht
t’fonn imertha uasalbert
d’fhonn neamhdhoichte da nocht[a] (?)
d’fonn dearlaicte is dáonachta.
13 An leanbdhacht lán do thábhacht
an mhearmhíne an mhacántacht
an tromdhacht [i]na tromdhacht
gan dorrdhacht gan danardhacht.
14 An tuigsi a ttreithibh iomdha
an maordhacht modh tighearna
an deaghshaighneas ar a dhíol soin[s]
a mbíodh neamhainbeas neamhghoin.
15 An díorga um dháil an pobail
an crúas a gcúis cruadhchoguidh
an rún *cealldha a gcéim(h) chaithmhe
an mhéin Dhiadha an deaghaithne. Ni ...

375

Ní triall corrach as chóir d’Aodh
[O’Conor Don, 136b]
Maolmuire Ma[g] Craith cecinit
[Rannaíocht Mhor, Dán Díreach]

1 Ni triall corrach as coir dh’Áodh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

nach dóigh go corrach do chlódh
millfidh gnáithiosdadh Ghall sáor
Áodh lé táichiosdal mall mor.

2 Mór ngormachadh ríogh fa ría
ollmhachadh mór is diol dó
ní foghal láoi nó dhá lá
a-tá fáoi acht monar is mó.

3 Dealbh sluaighidh rotruim an ríogh
lúaighil nach tacmhuing do taom
ní búan lasair raghród ríamh
triall fosaigh is ádhmad d'Áodh.

4 Sé ag furnuighe ríogh is rúd
as urlaimhe ar shíodh nó ar séd
'sa ghreadh nemhcorrach n-úr n-óg
ag súr fhód ngealchollach nGrég.

5 Tiocfuidh mac Domhnaill dámh mór
ar lár an gormfhuinn fa a ghául
gé táid 'ga ráighealladh ríamh
triall aineallamh ní háil d'Áodh.

6 Triall d'Áodh gidh amhairsech liom [137a]
go glanUisneac na ccráobh ccorr
nír bháithesda(i)r an triall thall
mall riamh gach taithesda(i)l trom.

7 Fios ar fheindibh Éirne úadh
ní heirghe einfhir ag Áodh
ní budh gribh sluaighaidh an slógh
lúaghail mor ní thig do tháom.

8 Iomad rioghradh is ríogh n-óg
gan gníomhrad mur an gniomh súd
ní fhionnad go sín ar séd
iomad sdéd 'mun rígh is rúd.

9 D'iomad lann ngoirmsean fáoi fós
'ga ccoinnleagh gach láoi ar lúas
'sa sgor ngníomhfhosaigh 'ga nglés
ón bhés cor síodhosaidh súas.

10 Tréna choitchinne ad-ciam sunn
búdh foirtille a ttriall íar ttrioll
cach ag róighealadh a reann
'sa táth err sróilleabur sliom.

11 Suidhid gach tír 'na mbróin mbuirb
mun ríogh 'sa n-óidh ar gach n-aird
lá lérslúa[i]gh(a)idh an duinn dheirg
ar leirg chuirr fhérnúaighil aird.

12 Fir go sról ngléigheal ré ngáibh
ina smol tréinfher a-thúaidh
an Conallchath mo-chen dóibh
slóigh na slegh ccomharthach ccrúaidh.

13 Tír Í Chatháin 'na mbróin mbuirb

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cathfhál slóigh leis-[s]ion san leirg
fían gheal ón ghealBhanna gairg
aird fedhmanna na bfer feirg.
14 Dream is *úmhla d'fhadógh áigh
Lagan Uladh táoibh re táoibh
ag so a-noir fíorUlaidh féin
'na bféin ghloin shíodhamhail sháoir.
15 Iomdha ó shlúagh Ó nEachach n-óg
creachoch ar slúagh ar gach séd
ó roiGhli[o]nn Righe na ród
slighe tre fhód ngoirmfionn nGrég.
16 Fir sgíath ngeal is gallgha ngér
mo-chen tríath tárla ar a ccúl
fir ón donn goirmthealach ghlíadh
an fhían trom oirthearach úr.
17 Ga ríoghradh dar slúaghadh súd
san míonmhagh ar sdúadhaib sdéd
an fhían mer Óirgiallach óg
a fód shen ngoirmfhíadhach nGrég.
18 Fir Mhanach ní medhair chiúin
fedhain ar bhfalach gach ráoin
beg tárbha deigheirghe dhóibh
slóigh chalma ó sheinÉirne sháoir.
19 Lucht feithmhe sgéith an fhéil áird
ní théigh a ccleith acht a ccuilg
Eóghanaigh 'sa ccáoin ré cheird
'na ccáoir ndeirg beóghonaigh bhuirb.
20 Táidhbhsi catha ad-ciam san ród
ní racha síar ar an séd
m(b)einne síodhshochruidh mur súd [137b]
rúd chéile gníomharthoigh nGrég.
21 Beith d'féin Eirionn ar[a] iocht
as gleigerr d'Ó Neill a-nocht
na cáraighthe ad-chíam ad purt
lucht lámhaighthe ghiall is gort.
22 Gann don fhreimh ríghfher gach ród
clann Neill ag sínedh ar séd
náoi ttromchatha egair íad
legaidh síad gormchlacha Grég.
23 Mac Gormluidhe ar slúaghadh sunn
gan uamhan orlaidhe Gall
broineach mor taisbéntagh ttrom
sroll donn re ccaislentur crann.
24 Badhbh ós onchoin náoidhe Í Neill
fa chonfadh ag cáoine an áir
an err sroill bhallatghloin bíaidh
foir 'na dhíaigh d'arrachtuibh áigh.
25 Cró bhús clíath dhaingen da (a) dheilb

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

bró sgíath ní m(h)ainnear gan mhuirn
ba(i)dhbh ré célmhuine mbrais mbailbh
ós gerdhoire a(i)rm nglais nguirm.

26 Tarm mersgor shíobhlach a slúaigh
ní míodhlach nach mesgfadh cheill
tógbhuidh ós na cathaibh chíaidh
do chríaidh achuid[h] ródghloin réidh.

27 Gáir na mbran ar bélaibh bern
gráin tresan magh d'féghain orm
ag tarrnguire ágha ós arm
sgalghaire bádhbh ngranna ngorm.

28 Fothram err sreabhnuidhe sáor
sgeamhghaire rotrom renn ngér
tairm gérghroidhedh ndonnbhras ndían
srían mbelmoighe ttromglas ttrén.

29 Gáir doinnbhenn fa chach ar cnoc
gáir nach toirnenn go tráth gleac
lábra ag comhgabhloibh na ccnoc
d'orlábraib stoc mbádhbha mbreac.

30 Ulaidh ó Emhuin a-túaidh
benaidh da gach curaidh cíaidh
críoch go lom tugadh da (a) treóin
neoill a pubal chorr ós Clíaidh.

31 Síol Eóghain ní hurcra linn
gidh deoraidh ar dromcla an fhuinn
puible an fhíalcuire sháoir sheing
ar beinn Clíachmhuighe cháoimh chuirr.

32 Cuanna an bhró blaithrighin bhan
saitfidhear dhó taobh ré táobh
do fholchattur an magh mór
do smól glan corrpobal cáomh.

33 Coimhdhes *Ó Neill da gach neach
madh da réir do-rúa gach rath
coimdhes doibh don leirg gach leth
da ndeach lé feirg móir a-mach.

34 Coimdhes do shíol Cuirc ó Chlíaidh
toirnis gach líon uilc is áigh
tarachtain do thoigh Í Neill
's do fréimh gloin tabharthoigh Tháil.

35 Des do *ananair do sgrios [138a]
on ló do-gabhair 'na glas
geill ó na tromthuathaibh thes
des céim ó fionCrúachain as.

36 Díor a gairm don mhéirshe(i)ng mór
ainm ríogh Eirionn ní hainm sáobh
do tharadh a cheimionn cían
aghadh giall Eirionn ar Áodh.

37 D'fios Temra Neill rén fiú feis

Royal Irish Acad. & Trinity Col. na Tríonóide, TCD

geill gach fedhna ad-chiú ré chois
a llamh geill gacha f[h]latha lais
glais a ttacha Í Neill a-nois.

38 Do niamh bráon gealbhláith gach glenn
tre triall d'Áodh san senraith slim
do comnáoidhidh chluimh na bfonn
do búir tonn bforbfáoilidh bfionn.

39 Geineamhain Chuinn nachar chlódh
nár bhuing ré neimheadhuibh náomh
glas fiodh ag fógra in da gniomh
is cion ríogh ar Fhód(h)la dh'Áodh.

40 Do bhí Banbha an achaidh fhinn
damhna fár dhathaigh gach coill
'na ríoghain bhláith ag breith Chuinn
cuill ag sgeith *bruinn ar [a] broinn.

41 Glóir mor fa Fhód(h)la an fhuinn tirm
ag fógra *chuirn mor an mhuirn
príomhsrotha san moir ag maidm
tairm gach mionlocha ghloin guirm.

42 'Na náoidhin chorcra do Chonn
do náoidhidh ochta na n-all
do bhrúchtsad clúmha cráobh ccorr
do láogh bronn Úna 'mun am.

43 Do bhúirsiod tri craobha a críaidh
don rí[gh] sech gach ndáonna dhíbh
do mhuighsiod tri *craobha a húir
airrghe ór thúir gach rí fan rígh.

44 Do níamh an Conn-sin gach coll
do shoillsigh grían ós gach glionn
do ghabhsad comlúdh ré Conn
gach fonn gormúr frasbog fionn.

45 Ré breith Chuinn nír cháoimhe snúadh
na fuinn fa cláoine gach cráobh
fedha Banbha ag búain ré lár
ré hágh an anma f[h]úair Áodh.

46 Coimhbliocht na cuill is an crodh
fa chuing on coimnert do ghabh
comhlachtmur fonn leis an bfer
is tonn mer ghormatmur ghlan.

47 Beich ós glennuibh groidhe ar slíabh
oighe a mbennuibh ag breith láogh
beg da hioth do-chúaidh ar ccúl
an cúl don bhioth do fúair Áodh.

48 Mac Gormladha do mer mnáoi
ní fer a ccomragha ad-chí
mait rug féin tar gach n-áon é
as é Áodh Ó Néill do-ní. Ni ...

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

376

Níor tógbhadh éraic Íosa
[NLS Adv 72/1/49, 16r]
Túathal Ó'n Cáinti cecinit
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Nior tógbadh éruic Íosa
éruic f[h]ógrus a ghrása
lá an bháis ar cionn an chíosa
páis Iosa liom an lá-sa.

2 Eruic do-chúaidh fam chuireadh
an éruic úainn da bfaghadh
do bás ag dol tar dligheadh
cor sligheadh grás gur gabadh.

3 Cóir techt go dún an Dúilimh
an tech as dúinn do dheónaigh
créd do bhen é don áoidhidh
faoilidh tegh Dé re ndeóraid[h].

4 A fhionnbhrugh oirne d'fheithemh
niorbh iongnadh d'oigre ar sethar
ni budh breath ríogh da rachadh
tech m'athar dhíom da ndechadh.

5 Nior dhúal a bhraighde ag biodhbaidh
braighdi úadh aga fhoghlaidh
go rug sé gíall a geimhlibh
do dheimhnigh grían Dé Domhnaigh.

6 A-tá a thoil ar tí ar ccuiridh
da toilg ar na trí beruibh
fada ré gherr a ngeimhil
do geall eigir Dé [.....].

7 Eól narbh aithnidh dar n-oird-ne
aithnidh an t-eól as gairde
tarla sé ar láimh ar leinb-ne
merge an graidh is [é is airde?].

8 An tóir ar gac táobh tiogfa
um nóin ar an raon rompa
a heóin a ttír ag techta
ealta a ndeóigh an chígh chorcra.

9 Cuimhne ar chabhair a chinidh
fuighle an athar re a oighir
do léig ris an ccló ar ccobhair
mo as domhuin théid san tro[ighidh?].

10 Ar da chígh Muire máoidhidh
a dhuine [d?]íol an áluidh
fola mná ruibh gur reidhigh
níor éirig lá ar fhuil Ádhuimh.

11 Len do-geibhther re a guidhe
nar eitigh fer da fi[dh?]e

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

súil ar an meidh ag Moire
súil oile ar chneidh [an chridhe?].
12 Rí na n-uile gur hoileadh [16v]
Muire do bhí da bhranar
fúair an bhen ced fam chuireadh
beg buidhen na bhfear bhfaladh.
13 ’Gar n-énlaith nior fhás eitiol
fás o phrémhuibh ’gar bpecadh
lá linn is lá dar locadh
d’focal mná rinn do reacadh.
14 A-dér ris ni rádh doiligh
do bris a ghrás a gheimhil
ni mór ’na chenn budh cobhair
tenn ttobhuigh ógh ar h’eighir.
15 Ród m’anma réidh da-ríribh
ar bfhoghla(idh) féin ar bfhíaghuin
do-chúaidh go cíogh an álaidh
síol Ádhuimh úaibh ar íarraidh.
16 Ni síoth do dhola ad dheghaidh
do líon t’fhola rer n-aghaidh
do bhen cách chéill do chobhair
áth domhuin fein nac bfaghair.
17 [...th?] t’[f?]alaidh fós na fillidh
maraidh bhur nós a-nalluin
[gé? ... te?]ilg ag tocht ’na thonnuibh
connuimh ort fa t’fheirg annuimh.
18 Cert at fhuil-si dá iarraidh
níor chlecht an fhuil-si Ádhuimh
[...]dfe an cceilg rú da-ríribh
nior mhínigh tú fheirg t’álaidh.
19 [...] eól damh a dhénamh
an t-eól nac gar do ghábhadh
giodh fada úaim é ar fhéghadh
do-bhéradh mé ar úaim t’áladh.
20 Tugadh gairm ar fhuil Ébha
no gur mhuidh snaidhm ar síodha
techt as-ttech rú da rádha
dána an breath a chrú an chíogha.
21 Tabhair don eólus h’aire
athraigh don eólus roimhe
ni do ghnáth as trén tuile
fégh a dhuine an t-áth eile.
22 [...]er fíadhaigh (?) fhine Ébha
da fhine ag íarraidh shíodha
[tú?] gan leanb gacha lámha
sealg an ghrádha um chrú an chíogha.
23 Neimh a ghon giodh goin arsaidh [17r]
do mhuigh a-nos an neimh-sin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag sin an t-ég san orsuin
cosmhuil ribh méd bhur meisnigh.
24 Nior ghabh mé m'obadh úadha
ar n-obadh gidh é as córa
ni hionann lem é is m'éra
mé is Ebha um chenn na córa.
25 Cuirfed róm go Rígh nimhe
an cló no cíogh na cneidhe
sinn dob eól ar tí a thoile
do bhí an croidhe ar eól eile.
26 Sreabh an da bonn-sa an bhera
ni foghtur fer a dhula
ina trágh ma tá an fhala
budh lán mara an lá as lugha.
27 Leanb Muire a ccrois gar ccuireadh
nior chuirthi a-nois a neimhshedh
ni budh hé an gúal gan ghoradh
smúal foladh Dé fa dheireadh.
28 An chréi-se ciodh far creidedh
a cion léi-si ni legar
da mbé an corp ina chodal
sé a ccogadh ort as egal.
29 Ni fhúair sí on chóir comhar
rí le hóig [no g.....]
grás De 'nar ttír ag treabadh
leanabh cígh dob e a [.....].
30 Áth ar cabhair a chloinne
an tráth do labhair linne
a gáol ar chiogh na cruinne
táobh ag buime an rio[gh rinne?]. Nior ...

377

Nocht dúinn do sheirc, a Shéamais
[RIA 5 (23/D/4), 374]
An fer cédna cecinit [Domhnall mac Taidhg Í Dhálaigh]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Nocht dúinn do sheirc a Shéamuis
foillsigh damh nar dheaghfhéachuis
cúis mo sheirce dod ghruadh ghlan
a sduadh gheilte nar gríosadh.
2 Cuir a ccuimhne cread fa bhfuil
a óig oirbheartaigh uasuil
mo robháidh ribh is red [fh]réimh
a bhranáin dil gan doibhéin.
3 Méd mo dhúthchais red dheirc mhir
mithidh leam tú da thuigsin
tuig leat nach andúthchas inn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a shlat bharrurchas bhois[s]lím.
4 Seannrann carad cúis toile
(s)inn dod th'athair colluidhe
a ghruadh somholta ar gné ngloin
comhdhalta mé dod mhathair.
5 Mac mhic Risdird lámh nach lag [375]
triath Barrach d'athair agad
ní beag dúin d'adhbhar annsa
dod chúl crannngal ccodarsna.
6 A ttugus rom do rothoil
do Dháibhi dod dhearbhrathair
truag gan mharthain da ghnúis ngloin
cúis dod charthain a chumthaidh.
7 Do char sinn ar bhur son féin
do bhriathra cannsa cinéil
do fhlaithmearrdhacht lán do ghus
do ghrádh th'aithreamhlacht t'eolus.
8 Fiú h'ainm is uaisle t'fola
fiu do chruth do chéadfadha
's do ghlanaithre is tig do threabh
deághaithne duit do dhéanamh.
9 Ní fhuil cuisle ad chruth nach tais
a Sheamuis mhic mheic Seamais
ach fuil fhírsinnmhir is fearr
do mhuigh *fín[fh]inngil Eireann.
10 A-táid ionnad a fholt lag
fuil Chuirc nar chóir do dhearmad
sluagh fíonlannach le bhfuil breath
fuil rioghBharrach is Roisdeach.
11 Ní riacht braoncrú a bhos datha [376]
acht fuil uasal ardfhlatha
ad ghnúis náraidh suirghig shéimh
a shoilbhir ghradhaidh ghnúisréig.
12 Taisbéin damh-sa a dhearc mhalla
a los t'uaisle is t'onóra
diograis t'aigneadh gabh mo ghrádh
tar um chaidreabh led chomhrádh.
13 Deana dhamh-sa a dhearc mar ghloin
ionad Daibhi Oig íodhoin
pór shlat do budh doilge dhamh
mac agas oighre t'athar.
14 Ionann áitreabh ór fhás tú
is Daibhi Óg f[h]uair deaghchlú
ge mudh ionann d'oighreacht sibh
ionann d'oirbheart is d'airrghibh.
15 Gu ma hionann do agas duit
rún ghuaisbheart is ghníomh n-ordhruic
a chíabh úr cleachtbhuighe chas

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

is rún deaghcroidhe is dúthchais.
16 A mhic Daibhí dhreach shoilbhir
tabhair th'úidh dom fhorfhuighlibh
breathnuidh mh'aighneas tuig mo thoil
ní haimhleas duit da ndearnair. Nocht ...

378

Ó cheathrar gluaisid Gaoidhil
[RIA 11 (E/iv/3), 49]
Maoilín Óg Mac Bruaidíogha cecinit
[date 1594 in qt 68]
[Deibhí, Dán Díreach for the most part]

1 Ó cheathrar gluaisid Gaoidhil
eol damh tré chóir ccraobhsgaoilidh
dream ór leathnaigh preamha a bhfad
sgéala an chethrair ór chlansad.
2 Ar shliocht cethrair cneasda a ríomh
fuair Banba brugh na ndeighríogh
na fóid bheannrua[i]dh fá bhrat(h) fiodh
a ttáid deaghshluaigh mac Míleadh.
3 Díobh-san Ír na n-iorgal tte
(i)'s Éiriomhón céidrí(gh) ar ccríche
's is díobh Íth & Éibhior fionn
go líon bhféinedh et bhfithchioll.
4 Ós iath Fódla ní fes damh
d'féin Gaoidhiol na ngleodh n-urlamh
tulcha lethna fá mín muir
acht síol na cceithre cceap-soin.
5 Labhram d'Ír na n-éacht bhfeardha
sinnsior slóigh na s[e]ínEamhna
déar dílionn an cheithre chep
an beithir shidhsheang shroillbhreac.
6 Lé cloinn Ír na n-arm sean[s]
a n-íoc fasdógh na bhfileadh
dream s(o)in nách séadmhaoidh sochar
céadlaoidh gach *fíor ealadhan.
7 Tairgfe[idh] mé fromhtha a[n] *snas
sliocht Ír an uair-si d'amas
lucht na múr(r) bhfionnchorr bhfleadhaigh
tímchioll a nglún ngeiniolaigh.
8 Cóir a *bhféachain don dul-so
sliocht Ír nách cailg comharsa
gach fear díobh *bearar go a bhun [50]
síol na ttréanchon nár tubadh.
9 Tamhain d'f[h]íodhbaidh f[h]uinn Bóirne
[is] chuige a-tá ar ttarraig-ne
is fiu a dheaghbhlaidh déanamh air

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

*rédáimh don ealmhaigh Ulltaigh.

10 Uaithne an cédghlún fár chum mhe
m(h)ic Maoil (s)Eachloinn meic Uaithne
aigne neamhchruinn shaor shnaisréidh
Mao(i)l (s)Eachloinn a n-athair-séin.

11 Dob é an té-sin do thuirmheas
ceann aidhe na n-ogailghreas
mac Rúdhraighe fá tenn troid
ní a cceann turbhuidhe thriallaid.

12 Úna is Donchadh 'na dhiaigh so
go hAna Bacach do-bhéar-so
lorg an chethrair do chin uaidh
ag s(o)in ferchoin na bhfionnshluaigh.

13 Brian Maoil (s)Eachloinn orra soin
sliocht Mhaoil (s)Eachloinn ón ársaigh
dream gan dimiadh ré díol sgol
Irial díobh et Donchadh.

14 Ón mBrian-so sliocht bhoigréidh Bhriain
léigiom seacha sliocht Íriail
is ó Dhonchadh an taobh thoir
sortha(i)n na ccraobh is cumhain.

15 Dá bhráthair oile aithne dhamh[s]
ag Ana Bacach bladhmhar
nár donnadh ó dheabaidh rann
*dlighter slo(i)nn(i)odh na saorchlann.

16 Cuibhreannaigh san taobh-so thoir
díobh Mathghamhain mac Donchaidh
(i)s Conchubhar medhraighe mear
nior leanbaidhe (é) ré a laoidheadh.

17 Sloinnfiod d'éis Ana Bhacaigh
Donchadh is da ndeaghfhlathaibh[r]
Congalach ós a ccionn soin
an mionn comhramhach ciall(dh)aigh.

18 Ó Chongalach chláir Neachtain
a-tá mac mic Mhuirchiortaigh
cuibhrennach ón ttaoibh-si thiar
gan daoirse is gan dimhiadh.

19 Ós cionn Chongalaigh sa[n] chraoibh
sloinnfiod budh sloinne neamhchlaoin
Amhalgaidh Mao(i)l Seachlainn na sleagh[s]
craobh do ghealchoill na nGaoidheal.

20 Amhalgaidh Mao(i)l (s)Eachloinn oile[s]
is Lochloinn learg Siudaine
Amhalgaidh fer fa fraochdha a ttóir[rs]
's an meirfher[r] laochdha Lochloinn.[r]

21 Ón Lochloinn-si darb ceap Corc
muinntior Lochloinn na longphort
dob fhiu stuaidh bhairrleabha(i)r Breagh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

[na] sluaigh d’ainmneadhadh *uadhuibh.

22 Síol cConchubhair Chorcmo Rua(i)dh [51]
a-nois deaghluim fá deghshlua(i)gh
an chuire do chuain Mheidhbhe
’s do shlua(i)gh mhuighe Múirtheimhne.

23 Gur roinn Lochloinn leath im leath
is Conchubhar cruith suaimhneach
fuinn chorra an dá Chorcmo Rua(i)dh
níor dhulta orra d’aontslua(i)gh.

24 An leath siar ón sia foghail
cuid an churadh Chonchubhair
gabhas Lochloinn an taobh thoir
níor chlaon ccomhthro[i]m an chlann-soin.

25 An chríoch do thogh Lochloinn[s]
annamh críoch ’na comharchuing
ar tiorma ’s ar *thorthadh fiodh
ní hiomdha a haithghin d’oirer.

26 Tír fá tíghe torchair cuan
tír na n-aoiltreabh bhfionn bhfeghfhuar
tír is sia a n-aghaidh annlucht
’nar lia ar[r] et abhollghort.

27 Tír iona lia labhra stoc
is ceol taighiuir téad mbeannchrot
tír ’na sia a(i)n mhídhe fá mhuirn
ionar lia file et fíonchuirm.

28 Tír iona lia lucht siubhail
brúghaidh et breithiomhain
is leagha *ré leighes cneadh
et mes[r] feadha ag faoisgedh.

29 Tír fhonnghlas is ainmhian bruith
ionar lia ollamh is annruith
is órd crábaidh ré cúl ceall
[et] múr sádhail et sídhghleann.

30 Fian Bóirne na mban leabhair
ní beag é dá n-uaisliugadh
gach a ttarrthaidh díobh dúthaigh
san tír náraigh[r] neamhchúthail.

31 Síol cCuirc na ccéimionn ccalgda
do dhearbh iad d’fuil (?) saorchlannda
aicme dár *dhual díol sgol
a mbí[odh] fúthaibh ag foghnamh.

32 An Lochluinn cia dár cuing[s]
mac merchobhsaigh Mhaoil S[h]eachlainn
mac Arga ar nach cluinter cair
muinntior Arga is uadh-soin.[s]

33 Samhragán Flaithbertach fial
Dubhrois Reachtabhra roimhian
mac laoch Dubh dá Chríoch ’na ccenn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ara ccur do bhí[r] Buirionn.

34 Maol Dubh is Fuilne Fuilioch
Seanach na sleagh ruinnghoineach
Aimhirgín is ár *n-aigh air
do chlaidhimlibh múir Murbaigh.

35 Tál ó ccantar Carn mac Táil
Broc is Conbhroc cuing nemhnáir
Osgar Meisin dúin dealbhdha [52]
do *dhlighfiodh múr mínEamhna.

36 Meisin Suiliath budh sean clú
Earc is Osgar is Onchú
Neachtain Athchorb na n-arm naoidh
a spairn cathcholg nách claontaoidh.

37 Aodh Ghnaoi an gha leathain leabhair
Aidhbhleith an ghraidh ghaisgeamhuil
Meadhruadh is ollamh na bhfer
*oiredh deaghdhuan an dias-soin.

38 Deidé is Eochaidh Corc cennruaidh
Feargas Ruis ruithenruaidh[s]
craobh Fanat freamh na fola
fea(d)gh an ránag Rughradha.

39 Rígh Éirionn an fhuinn tarthaigh
Rúghraighe an rúin neamhmhaithfigh
flaith cheannso ar nach ccuala trom
is ua(i)dha [a]n dream-so a-deram.

40 Magh Ránuill nach réigh muighe
Uí Fhearghail na hangoile
fuinn taobhghlasa nách tréig fiodh
is Méig Aonghuso ón oirer.

41 Ua Loingsigh d'uaislibh Uladh
clanna Céir chláir fhionnMhumhan
gasraidh chrodha lán gach lios
Uí Mhórdha do chlár Laoighis.

42 Uí Chealligh chláir Cuailgne thoir
is Mac Giolla Réigh Riabhaigh
do bhuing gach fuil dá bhfolaibh
Uí Du[i]bh-loinn Ui Leathlobhair.

43 Uí Dhuinnsléibhe an lúidh neamhghainn
Uí Innéirge Uí Ghníomhuill
dá threibh gan oilbhéim orra
Uí Dhroighnéin Uí Díchiolla.

44 Uí Mhaoilmhiadhaigh nár mhín fuaim
is dáil míleata medhruaidh
a-nall fíorbhun na fola
is clann lionmhar Labhradha.

45 Don chraoibh-si fós Fer Muige
is Uí mBéice a Benntruighe
ferchoin fhuartha fhóid Cobha

Royal Irish Academy Col. na Tríonóide, TCD

is óig uallcha ó nEachadha.

46 Mar sin ghabhlaid [na] gaolta
uaithne iomchras easaonta
neamhchóir a bhfuagra as a bhfonn
seachnóin Fódla lé forlonn.

47 Leanfad don lorgain dírigh
d'éis cuartuighthe is cóimhshínigh
is laoch soin d'fionnmhaigh Eamhna
nósmur[r] shiubhlaigh shinnseardha.

48 Sitric is Dubh caomh cretbhán
Foghmhar ann is Airgiodmhár
síorlámh líon[r] tachar[r] díomsaigh[r]
fionn[r] is brath[r] don bhuidhen-soin.

49 Labhra Cairbre nár chlaon rath [53]
Ollamh Fód(h)la na bfhianchath
cura[i]dh 'sa mbuaidh nach bearthar
Ulaidh is uaidh ainmnígthior.

50 Ag so an céidrí(gh) cian ó shoin
do chum feis Temhra(ch) a tTeamhraigh
taighleoir *fionnmhuighe mú(i)r nUladh
is mú(i)r n-iomghla(i)n n-ollamha(i)n.

51 Fiachaidh Fíansgothach an flaith
Sedhna Airt Airtre Eachach
Éibhric Éibhior & Ír
léir neimhghlic déanamh doighníomh.

52 Deaghlam(h) sonn an sliocht áighe
tar chloinn Mhíleadh Easbáine
go líon tréinfher 'na ttionól
Ír Eibhior is Éiriomhón.

53 Beir uaim an cethramadh cep
Íth mac Breoghain na mborbghleac
ní sliocht tacair sliocht na sen
bíodh[r] nách do mhac(h)aibh Míleadh.

54 Ón ccethrar-so reacaim ribh
do ghabhluighiodar Gaoidhil
ceithre taca do gh[e]abh grei(dh)m
gach ré seal aca d'Éirinn.

55 Ag so tuairim aonroinn uaim
go hÁdhamh ó Ír Armruaidh
óigfhir nár chleacht a ccáinedh
seacht ccóigir ré a ccómháireamh.

56 Do chuir mé saordha an snuidhe
d'uaislibh *préimhe Rúdhraighe
bláth na fóirne-si ón ttaoibh thuaidh
a ccraoibh chóimhnesa a ccomhuaim.

57 Tarla díobh-sain suaithnedh linn
cúig rígh fhithchiod ós (ós) Éirinn
múr Teamhrach fan tslatchoill shean

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ó dhá[gh]chloinn mherdha Mhíleadh.

58 Tríocha(t) rígh oile a nEamhuin
don ghasraigh óig fhíonfhleadhaigh
ós cóigidh na bhfiadhchladh bhfionn
cúigidh iathmha(i)gh na hÉirionn.

59 Naoi ccéd bliadhain do bhí soin
tír Uladh na n-óg n-oirdeirc[r]
tír ionar mhíochuid ré mes
fán ttriocha[i]d rígh do ráidheas.

60 Ar chuirios díom druim ar dhruim
budh é mac mic Uí Lochluinn
dream do chosain clo(idh) Uisneach
ró thosaidh an tiomsach-soin.

61 Fada an uidhe aonlaoidh dhamh
dol ar cuaird uaidh go hÁdhamh
’s a-nall tar mh’ais go hUaithne
nách tais a n-am iombhuailte.[r]

62 Aithne dhamh dúthaigh a shean [54]
Oileach Néid nách nuaidh déanamh
port flatha as nár tóirnedh truagh
’nár hóirnedh Macha Mongruadh.

63 Ráith Eamhna na n-amharc réigh
longphort chloinne Ír éi-séin
im Shionuinngnáth nach serg grian
ailgedh[r] oiriorbh(bh)lath Oirghiall.

64 D’áitreabh sinnser sluaigh Bóirne
iathmha(i)gh glan(a) Dúin Sobhairce[r]
’sa[n] fiagh fionn-so um na fedhaibh
ionnsa a *holl a ttuadhMhumhuin.

65 Maigh Líne ór luighsiod a-noir
dar leat ní dóibh budh duthaigh
dar let ní leo Loch Feabhail
’s a dhath mar cheo a ccineamhuin.

66 Ar chuid chríche chloinne hÍr
a-táid ó Éirne uichtmhín
síol ríghNéill go Tráigh tTuirbhe
ós clár mhínréigh Mhodhairne.

67 Ó shíol gColla ó chlannaibh Cuinn
doibh is dúthaigh na deaghfhuinn
dá héiliúghadh madh áil dol
do rádh (na) seinleabhur[r] seanchadh.

68 Sé chéd acht sé bliadhna a-mháin
míle ó choimpert Críost chomhláin
Rí an Luain an tuir (?) fá treise
go huair *cumtha na craoibhe-se. [date 1594]

69 Aodh mac Aodh[a] an ualaigh thruim
meic Aonghusa an fer comuinn
cenn na n-óg nách adhlaig(h) ra(i)th

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

da n-adhraid óig Ó nEachach. O ...

379

Óg an seanóir an saoghal
[RIA 19 (23/M/29), 325]
An fer cédna cecinit, do tharcaisníoghadh an tsaoghuil mar chompánach don duine.
[Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith (323)]
[Deibhí, Dán Díreach]

Óg an seanóir an saoghal
bréagán aluinn iombaoghal
is lia fáth *tnútha is toile
*nuaidha bhláth gach Bealltoine.

A lán do shíor as is ann
do nós innbhir na habhann
mór ré a mheas é ann gach ionad[h]
mur eas is [s]é ar síorshiobhal.

Tig [an t-]óg(a) a n-áit na sean
mar-aon 'sa[n] tuile *tairtheach
a fhíoraoibh is ór fallsa
sdór díomhaoin an domhan-sa.

A-tá riamh ó ré(idh) Adhaimh
ag caill ara chompánaibh
bíoth gur daoineach an domhan
's gan aoinneach dá fhuathúghadh.

Trúgh bhocht is buige chruaidhe
iongannтach a iolbhuaidhe
bíth a bhárr mur chróch fá chion
's gan ann acht lóch nó luaithri[odh?].

Gan ní dár bhronn do bhreith uaidh
ag so a choinghíol róchruaidh[s]
fuígfe[idh] mé an *eisléine ann
as é as caisréidhe cumann.

Ionamhuil sgátháin sgigidh
bhíos ag bréagadh óinmhidigh
an seanóir c(h)ealgach corach
feargach dearóil deargholach.

Gach ar gheall giolla na mbréag
damh-sa dá chuid *ró choiméad
bíoth go ttug uaidh lé hanbhoil
rug uainn fá mur f[h]uaramoir.

Mairg bhíos ag coiméd chiste
d'fior mheallta na minisdre(adh)
mo thrua[i]gh[e] do mheall misi
dá cheann m'uaighe mh'innmhi-si.

Gach tíodhlacadh dá ttug dhamh
do bhláth breige na talmhan
do mheall uaim acht ár n-almsa

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

lé claon do fheall or(m)amsa.
11 Ag síorchur cháich fá chéile [326]
lán d'uabhar is d'aimhréi(m)[d]he
aghnadh trod cogadh cealgach
('s é) as oba(i)r don ilchearrdach.
12 Marg a-tá ag troid 'na thimpcheall
glend déarach na ndéistinchru(i)mh
gan ann acht ceó nó cubhar
gach beó ann go heasúmhal.
13 Do báthadh é go hochtar
do bhí an áirc ar iomlochtadh
go loisgther é tréna olc
ní coisgther é dá fhallsocht.
14 Córuide aithfer óirne
ar charus dá chomhoirle
ní mé an céadduine ar ar chaill
as é an brégaire blaghmainn.
15 A-tú gan cheill dá ccreid[eamh]
amadáin na n-óinbhidedh
a bhruachfhaire is cor gan chonn
ruathaire nach an agam.
16 As é as obair dhó dul (i)s teacht
mur thuile ag teacht 's ag imthecht
ní buan édail dá bhfu(a)ighe
ón mbréagán chruaidh chluanaire.
17 Geralladh an diabhail an dáil
taisbeánta(dh) an tsaoghail tseachráin
sanntuíghidh ár súil gan mhoill
lé dúil d'anntoilibh ionnainn.
18 Ná léig a Dhé do dhealbh neamh
don triúr bíodhbadh mo bhuaidhredh
ná léigidh mé do mhilleadh
a Dhé as éide[i]r mh'aithfhilledh.
19 Fiú an ceathrar mo chur ar neamh
páis Chríost 's a ghras gan ghrinneal(l)
impere na n-uile ríogh
impídhe Mhuire am mhíghníomh.
20 Ré a charthain do chuirios druim
oilithreach mé ar mhagh taghuill
fíorolc an ród dedhshóidh dhamh
óg an seanóir an saoghal. Og ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

380

Oilbhéim biothbhuan bás aoinfhir
[RIA 744 (A/v/2), 34a]
An fear cedna cecinit [Muirgheas Ó Maolchonaire]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Oilbhéim biothbhúan bás áoinfhir
d’f[h]íorchrú úasal árdGhaoidil
ón mbás as bríoghmhur ar mbrón
[ní]? líonmhar *cás a chommór.

2 Oilbhéim do ísligh ár ccion
táinic timcheal na n-oirior
tré ég ar n-áoinfhir gan locht
gég bá fáoilidh dár bfhurtacht.

3 Adhbhal an t-oilbhéim f[h]úair sinn
theas is túaidh ’s gach aird d’Éirinn
fán ccroibhréidh bá calma i ttreas
Banbha ón oilbhéim gan áineas.

4 Bás tréinfhir na ttríath ngroidheach
do threaghd treóin na nDíolmhuinech
*nírbh umhal go a ég so
an tréd curadh fá calma.

5 Turbhaidh iomlán d’íath ó cCuinn
an t-óg oirdheirc dá labhruim
tré úaisle an áirdréidh do-chear
an úair-se ó ghairgfhréimh Ghaoidheal.

6 A ccóigeadh Ol nÉgmocht thíar
tárla d’fuil Néill na neirtghíall
oilbhéim don easgar ad-b[h?]íur
’s measgadh coimhleir dá cciníul.

7 Mac mhic Theabóid na ngreadh ngrod
Gearalt nach dúal do dhearmad
tríath do thríathaibh cuibhdhe ó cCuinn
a chuimhne d’fhíachaibh oruinn.

8 Ní tearc oilbhéim f[h]úair Banbha
ríamh fá roighne ríoghdhamhna
a n-am cabhraighthe chláir Bhreagh
don táin armghairthe fhéinneadh.

9 Murchadh mac Bríain beithir mhear
Eógan mór bá mór aigneadh
ro-s táoth na tréinfhir go ngal
is fráoch an féinnidh fíochmhur.

10 Comhghaol Gearailt nír ghábl slim
na hóig úaisli-se a-deirim
bá cáomh an clíarach amhra
’s a ghábl míadhach mathardha.

11 Bíodh nach bfúair oidhidh i ccath
mac Sir Lúcáis láoch báoghlach
slán gach féne do chlá(i)r Chuinn
a radh nár chéile comhluinn.

12 A slán fós go bfhaca fear
Gearailt gan ghrádh ar eineach^{r}
mar fá dúal don chaoimhfhear cháidh
ó shlúagh Gáoidheal go nglanbháidh.

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

13 Tearc dá aithghin ró fháig soin
fó-ríor a nEirinn iobhraigh
ar eangnamh ’s ar fhéile the
tréidhe bá hearlamh aige.

14 Ag Gearailt na rosg roghlan
da mbeith ionnmhas olladhbhal
a dhomhuinchion búan a-bhus
d’fhodhuilfhiodh úadh an t-ionnmhus.

15 Rug bás Ghearailt nar ghann threóir
mór bhfhear úainn a n-íath aineóil
cúis na tríamhnuighe as díor dhe
síol na hiarlfhuile úaisle.

16 Ón tráth fá tteasda Gearailt
gach maith linn ag láindeaghailt
dáor tréna ég ar n-aicme
cáomh an ghég ar nGearailt-ne.

17 Da measuinn an t-óg amhra
do char iúl gach ealadhna
’s a chlú nár coduil ré headh
bá hobuir ga ttú a dhéineamh.

18 Maicne Dhíolmhan na ndúas ttrom [34b]
tug ég an láoich da labhrom
cuire go ccáomhghlor do shíor
uile a n-áonbhrón dá imshníomh.

19 Imshníomh mar so eacht oile
teagaimh do threibh Rughruidhe
d’ég óigfhir go mbriogh ’s go mbladh
gríobh a ccóigidh do chosnamh.

20 Cormac Conn-loingeas láoch glan
darb athair áirdrí(gh) Uladh
tig lé Feargus fríthe sin
’s bá sealbhghlas críche an cuingidh.

21 Tig Fearghus ór chían coimeas
Corbmac cáomh ’s a dubhloingeas
a n-áoinréim dá sumlán so
go hurlár cáoimhréidh Crúachna.

22 A mbrugh Meadhbha bá maith níamh
fuirghis Fearghus go himchían
’s Corbmac cáomh na ccomhramh séimh
bá cráobh go n-ollbhladh eiséin.

23 A gcionn treimhsi acht gér thrúagh sin
fúair rí(gh) Uladh ég idir
íar tteasgadh tréinfheadha dho
measgadh méinneadha an mionn-sa.

24 Go Crúachain ró cuireadh fios
ar ceann Cormbaic Conn-loingeas
da ghairm go roighne ratha
a n-ainm oidhre árdfhlatha.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

25 Glúaisis Cormbac cráobh thoindeas
’s drong dhiomhór don dubhloingeas
ó íath Meadhbha mhuighe an Sgáil
croidhe na hEamhna d’eadráin.
26 Ar lorg láochroidhe Uladh
cuiris Meadhbh na mórchuradh
na seacht Maine ’s a slógh soin
gan chlódh a ttoile ó thoghail.
27 A ccóiccrích na ccoigeadh n-úr
rug chlann Mheadhbha go míadhrún
ar fhialchaire o nÍr nár ghann
a ttír clíachmhuighe Cúalann.
28 Tachraid a ttreas ré-roile
óig Chonnacht ’s clann Rughraidhe
gur chear Chorbmac isin treas
fer na lonnghlac ró lúaidheas.
29 Críoch Bheárnuis ó bhás Chorbmaic
lán d’imneadh an othurluit
fá dhogra gan mhéid mheanma
tré ghéig chomhdha a ccinneamhna.

381

Oilphiast gan chéill an cholann
[RIA 19 (23/M/29), 323]
Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith cecinit do tharcaisníoghadh na colla daonna.
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Oilphiast gan cheill an cholann
baoth uaibhreach a húraghall
péist is uaibhríghe otra
béist ghruaimnimhe ghuasochta.
2 Créd as fáth uabhair agaibh
a chorpáin dhaill dhearmadaig
mó as béad an [an]uaill-so ort
féach bhúr n-anuaisle d’arrocht.
3 A cholann nách cumhann leat
bheith naoi míosa [san] maclac(h)
sgur meastruim is miotal duit
a chuthaigh^{r} leasgtruim lóghmhuir^{r}.
4 Cumasg an smeara smannta [324]
dá pheacach ndruith ndásachta
as e a h’ádhbhar o thosoigh
an chré amhghlan otro-soin.
5 Olc bhúr n-iomdha olc an brat
do threall tugais san maclac(h)
tú ad chruimh bá truaillighthe treabh
mur fhuil buaidhertha ag beindedh.
6 Cuimhnigh gur tárrnocht tángais

Royal Irish Academy, Corpus Trionóide, TCD

le guasachtaibh géarálguis
luach t'eachtra ar talamh na ttreas
gala(i)r deacra is doilgheas.
7 Máthair *phiast is beatha chrumh
asal otruighe d'iomchar
ainm díleas duit a dhuine
tuig mímheas do mhogsuinne.
8 Guais liom cunntas ad chealgaibh
ad th'urchóid 'sad h'ilcherrdaibh
na neangrais (?) uilc fám chomhair
a shamluis[r] chuirp chamromhuil.
9 Om thuismeadh riamh ní rug mé
acht céim a cceann na huaighe
níor thuig tú a chalann na ccleas
is tú ar mh'anam ag aimhleas.
10 Ní measa an miotal camra
a chorpáin bhuirb bharbardha
iná tú ad h'aonar a n-úir
is tú ar mbréana[dh] a bhagúin.
11 Far-íor dob urusa dhamh
ar aoi dá bhfaghainn díolghadh
do cháinedh a chuirp na ccleas
's gan áiriomh uilc dár áirmheas.
12 Ní leat acht iasacht h'óige
leat áirighthe h'urchóide
ní leat sáimhe iná *sochar
ní leat h'aille iasachta.
13 A mháthair an Mhic neámhdha
mar dhéirc a ndíol t'oileamhna
tabhair mé dod mhac ochta
glac a Dhé na diadhochta. Oilphiasd ...

382

Oirbheartach a-nois neart Cuircneach
[RIA 744 (A/v/2), 40a]
An fear céudna cecinit [Peadar Ó Máoil Chonaire (35a)]
[Séadna, Dán Díreach]

1 Oirbhiortach a-nois neart Cuircnéach
maith[a] an fríthe fúair a n-am
mac as réidhe rún a ccaithiomh
's féile úr a aithreadh ann.
2 Úaisle eineach ágh is meisneach
maith an toice tugadh dho
tríath go ttaithneamh tnúidh 'nar seirc-ne
flaithfhear clúidh as ceirte cló.
3 Go mairi(dh) sé sonn an t-ainm-si
úrmhac Ribéird réidh gan locht

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tighearna is flaith seasda súasan
sgaith mheasda úasal gan olc.
4 A-táid fa áoibh úrfhuil Chonnacht
’mun ccráoibh chúmhra charus lúadh
fá bheith ’na thríath searcach *suilbhir
an chlíath bheartach bhuidhneach bhúan.
5 Fáoilidh roimhe rádh nach fallsa
flaithe Mumhan as maith cáil
[u]mun ccráoibh shéimh shocair shuilbhir
an séigh moltair d’f[h]uighlibh áigh.
6 Láochraidh Uladh úaisle Gailían
inghrim ghráidh don ghribh gan oil
’s gach áon do threibh Teamhra uile
gein earghna croidhe gan choir.
7 Tug an Tríonnóid trá don óigfhear
d’oighre Ribird réil nach gann
ruire gan chalg as fial flaitheas
mían gan tolg maitheas nach mall.
8 Méin an leómhain leanaidh seision
seabhac séitrioch go snas ngníomh
Teabóid dáoineach grían nach gontair
an cháoinbheach fhíal fhortail fhíor.
9 Cuillín Fachtna feart an einigh
oircheas dósan drud ’na dháil
ó chuir Críosd ’na cheannas eision
teandos nach díosg seisior sáimh.
10 Dénadh Eamhain úr no Teamhair
don teagh ríoghdha as rathmur lúadh
nó Dún Dealgan don dún dáoineach
dun nár cealgadh áoinfhear úadh.
11 Pailm nach ccrumann do choill toraidh
teann a ccúirtibh an cur glé
an gach am as measda an máoinfhear
crann seasda na n-áoidheadh é.
12 Tóigébha[idh] sé seól ar n-aignidh
áirsidh Chuircneach dá ccláon tír
Teabóid cea[p](rt) an chomhráidh mhilis
breac gan orghráin d’inis Ír.
13 Bíaidh a lúadh ’s gach leith ar cuimhne
i ccrích Éireann iúl gan spairn^{r}
frémh as úaisle ágh go deimhin
grádh an chúain-si chinidh Chuinn.
14 Esga lonnrach do lucht seachráin
solas búanghlan beach nach clé
rath na ttromdhámh bleidhioch béilgrinn^{r}
orlár d’eineach Éireann é.
15 Siosor ó cheart Cáto toghtha [42a]
Teabóid cosgrach cur gan ghrúaim

Roinn na Sean-Leabhar Col. na Tríonóide, TCD

Día dha dhíon ar dhochar dáoineadh
sochar áoidheadh[r] áoibh[r] gan uaill.
16 Cosmhail lé Níall na Náoi nGeimhiol
glanúa Lúcáis láoch as ceart
ar mhaith ar mhéin is ar mholadh
an sgáith réidh dán roghar reacht.
17 Cú Chuluinn ar chosnamh gaisgidh
Guaire sáimh samhail don óg
nó Conall Cearnach sáor suasan
an cháor mheanmnach úasal ód.
18 A n-ainm do-chúaidh fá chrích Eórpa
úrshliocht Dhíolmhain dream nár chlódh
pór na nglór láochdha leanba
an slógh máordha mearrdha mór.
19 Fúairsiod láochraidh Locha Glinne
gárrtha molta fá mhían suilt
as sonas síor go sén ccaithmhe
gníomh as léir d'aithle gach uilc.
20 Foirionn íad go n-airrghibh seabhac
sliocht Lócháin léidmhidh na mbúadh
an fhóir chumhra dán cóir fírmheas[r]
umhla dhóibh dílius[r] gur dúal.
21 Mar sin thrá do thréintriath Gailiong
gríobhmhac Ribeird rath na slúagh
do-ghébh umhla d'áis nó d'éigion
comhla ghnáis lér léigeadh lúadh.
22 Ní hiongnadh dhó a ndén do mhaithghníomh
an ré[a] lán gan lot 'na ghníomh
ó gach fuil úasa[i]l ór fhás-[s]an
luibh ch[n?]úasaigh go sásadh síor.
23 Ní bfhuil úasal a n-íath Fódla
nach bfhuil táite thríbh go dil
eidir mhac is mhnáoi is mhilidh
a ngnáoi lat sínidh mur sin.
24 Íarla Chill Dara draig fhortail
's Íarla Deasmhumhan díol gráidh
fíorgháol glan an fhíonfhlaith *oirrdhirc
bladh d'fhíormaith an *toirbhghlic sháimh.
25 Íarla Úrmhumhan nár tráothadh
an treas íarla as aidhbhseach gné
as foichse go fíor don ruire
mo chuid-se dhíobh uile é.
26 Ar ngég fhasgaidh ar n-eó biothbhúan
ar mbradán beatha gach láoi
sonas na cclíar sa rían ratha
mían & cíall flatha fáoi.
27 Plannda cothaighthe ceirt (a) shinnsior
soitheach féile feasach dhóibh

Roinn na Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

do lucht gach lagáin as cimidh
corp bradáin go n-innibh óir. Oirbeartach ...
28 Caiptín Díolmhain deighfhear toghtha
Teaboid chosnas chlú gach úair
d'fhearaibh Éireann ní hiúl fhallsa
séimhsheang nár liún annsa úaidh. Oir ....
29 Feirde an tír a ttarla a mórmhaith
Máire lóghmur dár lean ágh
finnbhean ghasda na ngrúadh ngairthe
lasda cúan tairthe gan trágh.
30 D'ionghaire cháigh do chuir Íosa
(an) inghion ur as árdmhaith lí
gniomh follas nach fann don bhéilbhinnr
sonas gach am d'Éirinn í.
31 D'fhine Díolmhain an dream bhúadhach
baintríath dháibh an déidgheal sháimh
frémhach óir gan oil an fhían-sa
cóir in gach toigh iarsma a n-áigh.
32 Úiringhion shochraidh Shior hAnnráoi
oircheas di a ndén do mhaith
an gach dú do réir a ríaghla
an *chráobh réidh [as] dhíadha dhaith.
33 Máire Talbóid nár thráigh maithios
gur mheala sisi ar sen áigh
an t-ainm as duthchus don deaghmhnáoi
pailm chúlchas go ndeaghghn[a]ói i ndáil. O...

383

Olc an cumthach an chumha
[RIA 1134 (23/E/29), Book of Fermoy, 125]
Cerbhall mac Conqubair Í Dhalaig cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 [Olc an c]umthach an chumha
da n-éc [.....]badha
mairg do-chi a cuma isin cruth
[.....] a chumtac.
2 [.....] a shuim.
le raibhi dh'aeibnes [againn?]
[.....] a-niugh
mhé [.....].
3 [.....]
[.....] hingheine
do cumhaid na mná nac mair
ni cumhain o a-ta a talmhain.
4 Nir chodlus o do-chuaidh sin
fiu enoidchi dom aimsir
ní codlad é gan adbad

Roinn na Gaeilge, Coll. na Tríonóide, TCD

mé da tograd tindabradh.
5 Ní thic dh'aeibnes ná dh'ól fhled
ní fan aithri[ghfeadh m]aigned
in cubad ni fhoil 'na ól
mu dhoigh cumadh do claochlógh.
6 Is e inntlecht is fherr air
gan a bheith orm 'na fhiachaibh
o tharla in bron ramor rum
a shódh 'sa anshodh d'fulung.
7 Tuicim fein nac ferdi dhamh
tairgsin do cheilt mu chumhad
da mbeinn slan is se a dread
mé gan cradh ni creidfider.
8 In deoch urcra ibhit sin
cidh fa maeidhfidis Muimnigh
a-ta slogh Midhi tre Mhoir
ag ól na dighi dobroin.
9 Do ghabhus ni gerr o shoin
ait chomnaide san chumhoidh
ni bi acht carthain na cumhad
ni as nac faghthair fuasculad.
10 Gid eadh dh'aimsir is é a shuim
do scar me rem mnai comuinn
o shoin a-ta 'ga thomhus
la ni fhoil am amhorus.
11 Tosac leoin do shil Shadhba
eg inghine Mathghamhna
ni hí in ben-soin bhudh brigh linn
do-cim a hesbaid d'Eirinn.
12 Blath na fighbaidhi fuair cor
mar rug torad na tal[mhan]
rug le on mhuir a maeine
in te ar ar chuir commaeine.
13 A lucht 'ga fuil neart a-niugh
tuicidh mar teit a dheir[eadh]
bidh bur n-airi ribh a-rís
ag sin an baili a mbimís.
14 Fada o nac facaid misi
a bhanntracht san bh[aile]i-si
caidit na mna o nac mair
nó in mairit o a-ta a talmhain.
15 Is e comradh do chan me
ar uaidh inghine Moire
as uaid is uaisli in t-inad (?)
[an u]aigh-si uaibh d'ainmni[u]ghad.
16 Fiu na hanora fhuair me
ni ghebaind chugum coid[che]
do scís bur scarthana rind

Roinn na Cóipeála, Col. na Tríonóide, TCD

banchara a-ris da roichind.

17 In cundrad do-rindis ruind
a ló cengail ar comuinn
osa scaradh dhuid is dam
falam mu chuid don cunnrad.

18 Mu bret fein mar bhudh loinn lem
agam ar fhearuibh Eireann
gabhuim a mbreith da mbe a-rís
mhe do be[i]th mar do bimis.

19 In lá thainic a tasc sin
dob é ar ceiddeoch dá cumhaid
sinn san tegh oil ni hannamh
in fhled broin do bernamar.

20 A-ta is ni tuicter gu fuil
o thainic tús in domhuin
ég a ndan da gac duine
cred dob ál don eolchu[ire].

21 Cumha eli a haithgin sin
tarla a nEirinn fa ingin
ag Felim Rechtmur roime
clechtadh d'Eirinn eolcoir[e].

22 D'eis a athar dob e a am
o inghin airdrigh Lochlann
[...]oigin nuacair a-noir
gu hoighir T[uathail Teachtmhuir?].

23 Teit Feilim Rechtmar reime [126]
le haithesc na hingeine
a hEirinn da hiarraid soin
bliadhuin d'Feilim 'ga hiarraid.

24 Ga dtu ach[t] n[ar?] tarla ara cinn
ar techt a n-iathaib Eirenn
'nar lin gradh Una uile
lan sula na sochaide.

25 Mathair Chuinn na ciabh scathach
re raidhti Cond Cedchathach
ben or beirbhi dob eadh hi
in ben darbh eighri in t-airdri.

26 Teasda Una is é a dereadh
tearc aeibhneas nar hísleigheadh
gan trath eicin ag an ecc
ni heidir cach do choimhett.

27 Fir Eirenn dob í a riaghail
dá cumhaidh an ceidhbliadain
do lín neamhcroidhi gac nech
gan gnímh echraide a nUisneac.

28 Do badar nír beg in geall
gan ol gan imeirt fhicheall
mó iná in riaghail reme sin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

bliadain eli da n-aimsir.
29 Do badar bliagain oili
ni frith acu dh'eolcoire
bliagain do-bherad a geall
gan denamh fiagaig Eirenn.
30 Ni roibi acht tri bliadna a-bhain
an chuma-sin ar connmhail
gidh sia ar léin-ne ina a len soin
ar len re cheli as cosmail.
31 Coir do chach 'gá cloisdin soin
a coimed arin cumhaid
mairg gabhar san glas cumhad
as ni fagar fuasculadh.
32 Fuarus is as meisdi mhe
ar n-éc inghine Moire
moirn o righain do [fh]reim Thail
*do dhighail fein a faghail
33 Suan oidhchi ni heidir dhamh
med *mha toirrsi ní hingnadh
mor in barr an la leabhar
ni hann a-ta ar toirrseaghadh.
34 Da faghuinn ga ferdi sin
a oiret eli d'aim(h)sir
a ndiaigh Moire da marar
biaidh ar mbroin-ni ar bethaghadh.
35 [Bu]dh eigean damh dhul da rádh
deacair cin ar mu comrád
me ag [c]omradh gan e ar m'airi
goblan é [don?] eolchairi.
36 [...] duine do dhul ass
a airimh is ann fhasas
dobo lór do [mhn?]ai nar mhair
mar do bhai Mor (?) ar marrtain.
37 [.....] uaisli a fola
san fuil-sin Briain Bóramha
[.....gidh eadh]
[....si?] ni d'enbrait is Eimear
38 Ni bhér breith ni berthi dhamh
le a n-agaid Moiri Muman
ni bher bhreit le Moir Muman
['s ni?] coir beith 'gam breagnugad.
39 Da mbeinn 'ga n-airimh uile
righna innsi hÚghuine
mor do-choidh do mhnaibh maithi
láimh re Moir nach measfaithe.
40 Re Caeilli in Druadh 'na dhiaigh soin
do dheighlidur a dheoraid
lia dho scar risin tir thes

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

nír an dibh acht an dileas.
41 A-ta a timchill mu chumhadh
fal nach eidir dh'osculad
da faghaind bearna ar in mbron
meanma ni fhaghaim dh'impogh.
43 A-tathar riamh 'gá radh rinn
seacna na n-inad aibhinn
a Muma na magh solus
gar cumha dod chumthonus.
44 Beith fa mhoirn gidh maith le nech
gerr da eis guma haithreac
no gu tí 'na tharad broin
a branar as hi in anoir.
45 Fuaramar fochain doghra
d'eg inghine Mathgomna
imdha 'ga raibhi muirn mhor
gan airi a[r] cuirm na ar comhol. Olc ...

384

Olc cúitighthear comaoin Dé
[Maynooth B9, 23]
Uiliam Óg Mac an Bhaird cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

15 Gach aon acu f[h]uair martra
nior chlaochladh a gcumhachta
do thogh mar rogha bheith bocht
toga le reic[h] a rioghacht.
16 A Mhuire f[h]uair gach inmhe
ó nach aill n-imdhighe[sr]
ó phéin da n-anar at ucht
go rabhar [réidh?] ad rioghacht. Rioghacht ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Ríoghraidh Laighean Clann Chathaoir
[TCD 1356 (H.4.15), 121]
O Dúbhgáin cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Ríoghruídh(e) Láighean Clann Chathaoir
fine nách fuair aontathaoir
fiann mholuim ós Boinn bhárrghla[i]n
crobhuing óir a *haonádhbhann.

2 Tríochad mac fá maith an chlann
do chin(n) ó Chathaoir Chualann
trí deithneamhair fá sgéimh sgol
'na bhfeinn chleithreamhar curadh.

3 Fi(th)che mac fá mór meanma
do chloinn Chathaoir chinnTeamhra
do dhíobaigh don druing dhat(h)a
d'fianfhuil an chrainn churata.

4 Deich meic eile anba an fhiann
do chloinn Chathaoir chláir Ghailian
fiann nuaidhe as millsi miodhóil
cuaine innsi Éireamhóin.

5 Fiachaid[h] Aicedha an fhuilt truim
Rosa Fáilge fuair urruim
dias do mhaoidh báire uim Bhearbha
dá chraoibh ailne fhíneamhna.

6 Daire barrach bruinne slim
Breasal Eineachghlas áirmhim
craobh d'fuirinn na ngealbhas nglan
Feargus Oilioll caomh Criomhta[n].

7 Dergmosach dúil fá gile
Eochaidh taobhghlan tim[i]ne (?)
Conn braonghlas fá bárr mbroinne
Aongus an crann cúmhradha.

8 Léigeam seacha seal go se(ith)
an chlann-so acht Rosa fionn Fáilge
slat ghealmhídhe ón dóigh a *ndian
ceannbhile óir na *n-áirdriaghan.

9 Rosa Fáilge an chrotha chaoimh
uachtarán chloinne Chathaoir
oighre rígh Teamhra an tuir-sin
ré díon Eamhna is árdUisnigh.

10 Do bhí ag Rosa na ruag tte
seiser mac fá mór innmhe
ná sé bhile ó Nás a-noir
fine ag fás ó[na] f(h)earaibh.

11 Eochaidh is Bréanuinn bán
dá Aongus díobh is Dallán
Nat[h] Í fá ceann don chlainn-sin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

an tí as f[h]eárr don fheathain-sin.

12 Uath Maoil Igin an fhóid réidh
ua Maoil Tobar chlann gCuiléin
síol Aongusa Fhinn na fir
ón linn aobhdha-so Uisnidh.

13 Aongus Dubh ó dhún Almhan
cuinge catha fionnCharman
muinnter Mhaighe maicne an fir
aicme 's a n-aire ar uaisle[ibh].

14 Uí Áirmhedhaidhe ródha an chlann^{s} [122]
muinnter Súbhcháin súlmhall^{s}
slata Líne lucht an fhuinn
a hucht an bhile Bhréanuinn.

15 Síol Dalláin meic Rosa réidh
cá fine as calma caithréim
fiann nár folcadh linn a-le(ith)
Ó [h]Onchon (?) ó linn Leidhe.

16 Eóchaidh mac Rosa an rúin mhir
mac Cathaoir an chuilg neimhnigh
slat Léana cá laoch ró lamh
Baoth mac Seanna ara shíol-san.

17 Nat[h] Í c(h)eile cláir Broinne
oighre áirdrígh Almoinne
dó fá mac Eóghan (e)amhra
slat mar leómhan lánchalma.

18 Aonmac Eóghuin fá géar ga
Cathal ceile an chuilg órdha
a chlann bá feardha a fine
ós bárr Teamhra toimghile.

19 Clann Chathail fá cian do-chlos
Maol Úmha Aodh is Aongus
cuibhdheanach^{r} moirmhic^{r} Muine
slat^{r} caoiltsleighe^{r} cúmhruídhe.

20 Ua Maoil Umha an mhuir mhedhaidh
ua Dairthi Clann Choibhdhéanaidh
craobha Líne thall sa troid
fine Aodha Clann Chormuic.

21 Ua Eólais (?) is Ua Oilidh
is muinnter Bhinn Bhearroidhe
fuinn taobhghlasa as díol don droing
do shíol Aongusa airim.

22 Oighre Chathaoir an chnis ghil
Maol Úmha onchú Uisnigh
slat Cró fá mion[n] mhar Monga[n]
dó fá mac fionn Foranán.

23 Mac lá Foranán Fáilgeach
Conghalach óg (i)s Muiréadhach
athair Dhíomusaidh dhúin Broin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

’na dhúil *fíorfosach éachtaidh.

24 Flann dá Chonga do chosuin
mac duasbhogar Díomusaidh
siar ó Bhoinn go Garmna nglan
Banbha budh cóir don churadh.

25 Dá mac dhéag is deimhin damh
ag an bhFlann-sin laoch Almhan
na trí ceathrair[r] níor chlann cuil
do leath[r] thall fá Thuadh[r]-Mhumuin.

26 Flaithbertach cumasgach caomh
Túmultach Cairbre Cionnaodh
fá leis úrmhór an fhuin[n] ghil
Mughro(i)n(n) fá cuing don chloinn-sin.

27 Flaithmadh fear go bhfolt ccluasach [123]
Iorgalach caomh cathosach
craobh fhinnshleachtach fá thairm thréin
Ionnrachtach an airm aithghéir.

28 Tuille cloinne Flaithmid[h] Fáil
Maol Fuad Ceallachán Cruacháinn
ní dearm[é]ad ó bhárr go bonn
ga[ch](n) geilghéag don chrann *cnuasar.

29 Ó Chionnaodh an chuilg leabhair
Ó Duinn an dúin bhileaghaigh
taoiseach Bladhma tréan ar thréan
ádhba(dh) na ccraoiseac geinter.

30 Tumultach taidhbhleoir Bearbha
craobh(a) cúmhra an chrainn fhíneamh[na]
fiann fíorfhosaidh as réidh bladh
ua Díomasa[i]ch d’feinn Almha[n].

31 Sliocht Chairbre meic F[h]loinn Líne
trí haicmedha as uaibhrídhe
síol na bárrshlaite [a]n(a) slógh *sean
clannmaicne mó(i)r *Míleadh.

32 Ceallachán mac Floinn na bhfleadh
mír churadha chath(a) Laighean
ua Maoil Chein crú an feir-sin[s]
clú ós fheinn don fheinneadh-sin.

33 Uí Fhógartha an fhuilt ghlain[s]
Í Gusráin Í Caoimh Cathail
ag sin síol Chairbre an curadh
ré díon airgne fhionnMhúmhan.

34 Clann Fhlaithbertaidh luaidhiom soin
mac Floinn dá Chonga cosgra[igh]
ón ccraoibh réidh rann fá doil[i]g
hua Maoil Chéir(e) clann Chiarraidhir.

35 Muinnter Mhaoilín na séad sean
cáir an aicme so d’aireamh
cruaidh a ngníomh aobhdha an ealtain

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

do shíol laomhdha Laithbertain.

36 Moghrón míle ós feadha[i]n
mac Fhloinn an fhóid fhuinn[eadha]idh
slat gheilmhídhe ó thóir níor the(ith)
ceannbile óir na haicme.

37 Chúig meic Mhughróin muídhe Fail
Cionnaoth is Colgán Cruachái[n]
dá chéile tíre shiar (i)s tsoir
níor chian ríghe dá rochtuin.

38 Trí meic eile ag cleith Cime
fá díobh Maoil seang Seinchille
craobh ádhmhar don triar nár the(ith)
Maol Charman Maol fhial Finne.

39 Síol Charmain meic Mughróin mhir
an t-ochtar-sa oirches d'éigsibh[s]
maicne nár chríon do Chathal
as díobh aicme an Uallacháin.

40 Féadh eile as úr um chrodh [124]
ua Aongusa ar chlár Cholgan
dual dóibh an tír fa thoradh
slóigh do-chím dá chríochnóghadh.

41 Clann Maol Chanaidh na ccuach séimh
muinnter Thíghe c(h)uir chaoine[r]
ar chách ní cheilinn uile
Ua Bréanuinn Ua Broghuídhe.

42 Uí Muireagáin Mhuíghe Finn
Ua Colgáin Éile áirmhim
dara clann an Cholgáin sin
clann gan chorba[r] an chlann-sin.

43 Feinne Cró fá teann ar thóir
Maol Seanchille meic Mughróin
mear a shíol fa caomh a chlann
fer náchar chríon craobh Chualann.

44 Dá aicme as uaisle ós Boinn
Ua Madagáin Ua Mughróin
saor do-cluinter na craoba
is muint[er] chaomh Chionnaodha.

45 Maoil Finne mac Mughróin mhir
aicme Mhaoil F[h]inne ón airsidh
do fhíonfhuil[r] fó deala[r] dháibh
Ua Sionna[r] mear[r] Ua Murcháin.

46 Muinnter Ghasáin ó chluain Caoin
muinnter Dhuibhghin dream d'aontaoibh
síol Maol Charman an choire
ré taobh Almhan iathghloine.

47 Mac do Mhughrón tréan a thairm
*Ciombaoth oighre an fhuinn easbhailbh
teann shló[i]gh an gach cuinne an chraobh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ceann óir na clainne Cionnaoth.

48 Do bhí ag Cionnaoth na ccolg sean
mac mear Flannagán láimhgheal
bile Acha chinn Chodhuil
athair an ching Conchúbhair.

49 Maolmórdha is Fionn ní folamh
dá Chonga uim Chonchubhar
slat chró dár chinn gach cómhdháil
dó fá mac binn Broghorbhán.

50 Do(i)nn Sléibhe na sreabh n-ealtach
Conghalach mór Muircheartach
Cú Faifne mar thuinn tuile
cuing chaithmhe [n]a(n) chroinnghoile.

51 Donnchadh Muircertach meanmnach
Maol Mórdha mhúir chlaoinTeamhrach
dlaoi dhíona an achaidh altuidh
athair míonla Mhuircheartaidh.

52 Muircheartach eile an airm chuir[r]
athair Mhurchaidh mhúir Chumuil[l]
dias ar chúl chéana ó Theamhair
dá ghlúin gheala gheineamhla[r.]

53 Mac do Mhurchadh rígh Ruidhe [125]
Calbhach an chuilg órduighthe[r]
saor an ghlún déagh[ea]nach[r] díobh
gléigeal[r] úr na n-áirdríogh.[s]

54 Síol Rosa Fáilge na fir
tugus liom go laoch Uisnidh
sliocht na ríghe as séimh snoidhe
líne don fhréimh ríoghroidhe.

55 Clannmhaicne chríche Rosa
do thráchtas don turus-so
fianna fraochmha réidh Ruidhe
laochradh léir as líonmhaire.[x]

56 Ua Cearthoinn as caomh crosa
éarlamh innsi Aongusa
mo ghlór 'na thuille ara ttí
Muire ógh [i]s a háirdrí(gh). Ríoghruídhe ...

396

Riú féin meastar gasraidh Gall
[RIA 744 (A/v/2), 12b]
Doíghre mhac Áonghuis Uí Dhálaigh
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Riú féin meastor gasraidh Gall
láoich úaisle nár ob comhland
díon deaghanma oirir Airt
seanadhbha an einigh orrdhairc.

Roinn na Séirsiúg, Col. na Tríonóide, TCD

2 Riú féin meastor maith na bfhear
Goill Bhanbha na mbrugh slisgheal
ar thoirbheart mar as dú dhóibh
ar chlú ar oirbheart ar onóir.

3 Ní chúala ríamh rompa féin
samhail a ccéime a ccaithréim
’s ní foghthoir ar ghnáoi ar ghloine
um tholchaibh chráoi Chonaire.

4 Ní cóir coimeas ré a cclú soin
Goill Éireand an fhóid iobhraigh
teallach einigh fhuinn Chonnla
deighfhir go ccuing ccathorrdha.

5 Ar ndíoghbhódh einigh bfhear bFháil
ionghantach aidbhle an iomráidh
cáoimhleandán nachar chlódh toil
pór na sáoirbheangán sochair.

6 Gé táid uile ar ndiúltadh dho
úaisle Gháoidheal ghuirt Énno
ag sin Goill ré a cclú do chor
’s gan poind a-nú dá nochtad[h].

7 Do chindeadar túar toile
ar úaislibh fhuind Iúghoine
an úair-si fá ainm einigh
g(e)airm a n-úaisli ar áiteighidh.

8 Ní beag d’aisnéis a n-anma
díol clíar comhdha a n-atharrdha
turnamh rioghshlógh coimhéd ceall
is díoghbhodh oiréd Éireand.

9 A-táid ríamh ó ré an chuntais
[fa] Bhanbha an bhrúaich rélluntais
eidir slúagh fionnmhuighe Fáil
ag túar ionmhoine d’fhagháil.

10 Mar sin d’ógbhaidh na ttreas tte
ag leanmhain luirg a chéile
gach áon diobh ag dáil a chruidh
más cóir bríogh isna bronntaibh.

11 Leanuid a-niú dá nós soin
drong do Ghallaibh chláir Chobhthaigh
ar bhárr réidhe um dhíol dáimhe
do ghníomh d’fhéile d’iomláine.

12 Mic Dhíolmhaineach na ttreas ttrom
rothghabhla an einigh d’altrom
drong ghairthe náoidheanta náir
sáoirealta chaithmhe an chonáigh.

13 Leómhain cheandsa is úaisle d’fhuil
croind chumhra go ccnúas n-abaigh
fir choilglíomhtha do thúair toil
fá boirbfhíochdha a ttrúaill tachair.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

14 A-tá fear don druing dhearcghlais
mhóras ainm an oirrdhearcais
gnúis leómhanta a ccaidreab[h] chath
aigneadh beóghanta baoghlach.
15 Sáormhac Teabóid thornas goimh [13a]
Lúcás Díolmhoin dreach fhosaigh
sdúaigh níamhtha tteannál ttromdha
beangán íartha ar n-ealadna.
16 Tríath leanbdha Locha Glinne
sás árdaighthe ar n-inntinne
glac mhear fá cródha a ccleasaibh
nach ónna ar f[h]eadh n-imreasain.
17 Árdfhlaith is feirde fine
Sior Lúcás cuing céillighe
gríobh neamhomhghlárach sháor sheang
leabhordhánach cháomh choitchiond.
18 Seabhac echtach aigneadh sáor
tuir chobhsaigh nar char mítháom
sur droibhél cathfhoghla is creach
coilén nathorrdha neimhnioch.
19 Mo-ghénair aicme ór fhás sin
fear cosanta clú a chinidh
dídean cean gasraighe Gall
fear lén cosmhaile comand.
20 Fear mur Mhongán fá maith modh
ar chlú ar indtleact ar eangnomh
gég airmneimh[e?] as clisde cor
tairrngeire brisde bíodhbhadh.
21 Fear as réidhe ag ríar sgoile
céile an einigh d'ionghaire
cúl altach cearnbhuidhe cláon
deaghdhuine Marcas macáomh.
22 Fear nár athraigh ainm a shean
fear gan úabhar gan aithbhear
creachthóir ionmhoine gach f[h]ir
seachnóin fionnmhuighe Fuinigh.
23 Iomdha um Lúcás na ttreas tte
feadh leasa Locha Glinne
tuir dhealbhdha nár éimhigh áon
féinnidh merrdha agas macáomh.
24 Gnáth ag íadhadh 'má fholt cas
fir lé dán dream le seanchas
gan lúadh leóin ar feadh bfleidhe
is fear ceóil nach ceilfidhe.
25 Geall cosnaimh agas caithmhe
fúair sé ní seól meraighthe
gécc neamhfhoghlach nach cláon cor
an sáor ealadhnach athlamh.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

26 Lúcás Diolmhain dearc mur ghloin
crúaidh fá rún bog fá bhronntaibh
is mó dár cosmhaile ar ccion
ar n-andsoi-ne as dó dlighthior.[x]
27 Gabhuim mur leannán lé soin
Siobhan m[h?]udhar méin iodhain
gnuis neamhghrod fá ttriall ar ttoil
a dearmad nior chíall chosmhuil.
28 Inghean tSheóin nach daor do dhaimh
le sgaoiltear duille an domhnain
sdúaigh chéillidhe nár chláon breath
an chraobh shéimhidhe shúaimhnioch.
29 Dual searc da treidhibh tromdha
’s dá comhradh mín measorrdha
rug geall d’fheile & d’oineach
’s as reidhe um cheann ccomhoigheach.

397

Riú féine is inghill Ultaigh
[Franciscan A25, 143]
Flann Og Mac [C]raith
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Riú féine is inghill Ulltoigh
féile inghill san ealltoin
do-ró fheile gach Ulltaigh
Ulltoigh fheine is mó mhealltur.
2 Gaoidhil as oirdreic n-anma
le sgaoiltear toirbeirt thromdha
ni cuid clu a ndol gan diomdha
iomdha sgol go cru gC(l)onnla.
3 Cu Chondacht go ndiol dheoradh
gac díol da dhochra da[ilid?]
mo na in riar fuair don aoidhidh
Gaoidhil siar [uaid ’gá n-]ar[imh]?
4 Ealta sheabhac bhruaigh Bhóinne
ni bhearar búaidh a bfeile
do bhi a ndíon a ccloinn Chraoibhe
daoine ar budh diol boing (a m)beime.
5 Mac Con Chonnacht cosg foghla
glac ar nach blodhar bearna
rí suil do-choidh a ccumhgha
do-ní umhla d’fhóir Eamhna.
6 Crioch a shean dho dá dhenamh
a theacht mar so do saoileadh
ar ttocht on ádh nir híarradh
rádh fiadhan ar ghort Ghaoidheal.
7 Lucht fogra gach fir foghla

Royal Irish Academy, Col. in Triónóide, TCD

an occbhoidh o thigh Teamhra
ri dar choir bheith os Bhanbha
tarrla ar c[l]ei(l)t[h] o fhoir Eamhna.
8 Brat cosnoim ag toigh Thuathail
on Choin Chonnacht-sa a ccliathoigh
ge thig ceart re bfuil futhaibh
neart as duthaigh d'f[h]uil F[h]ia[chaidh].
9 An ri-se do thogh Teamhoir
da ndisle dol d[a cabhoir?]
nirb fiu a tteasda d'fhod Fhuinidh
Mag Uidhir feasda ar foghail (?).
10 Nir thréigsead a med meanma [144]
gan dreim le deineamh foghla
mó as righin le teagh tTeamhra
meanma chen chinidh Chonnla.
11 Siol Uidhir d'áth ni fuíghtheir
go ccuirthear cach fa ccomhthaibh
ní a ngleó as mó na Manchoigh
ge leo ghábhthoir cro Cobhthaigh.
12 Lucht nirt na tíre a ttiaghar
fan righe ris do reidhigh
snadhmthar siogh ar choig cánoibh
fa lámhaibh riogh fhoid Éimhir.
13 Mic Mílead bhá Mag Uidhir
a-táid ag síneadh soirin
áit a sean a mBoinn mbiligh
siridh gach fear d'fhoir Oiligh.
14 Mac Con Condacht cosg uabhoir
ni ghabh acht comha cheillidh
ge théid neart riamh tar riaghail
iarraidh do cheart f[h]iadh Eimhir.
15 Sál na Fodla 'sa bfilidh
da bfhogra ni dál duiligh
in lia ní fhuil 'na n-aghoidh
cía nach labhoir d'fhuil Uidhir.
16 Laoich dar dual ceart ar chanaigh
ga sluadh a ttreas do thaobhaigh
ni mór feidhm fir a láoighidh
Gaoidhil libh a mbeirn bhaoghail.
17 Ar gach taobh do Bhóinn bhiligh
a chóir ag áon ni fhuirigh
da [mbeth?] ceart chora at aghaidh
maroidh neart fhola hUidhir.
18 Tuicc nach *náoi rí gan riaghail
na bí bhós mar do bhábhoir
dob fearr teacht le clú gcéillidh
tu at féinnid a ngort ghábaidh.
19 Ge theighe a mbeirn dod bheóghoin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ni dod threighibh fedhm féinidh
a [bhui]dhe led mhóid mílidh
luidhe ar ríthleidh fhóid Eimhir.
20 [Libh] a lár ghliadh ni ghébhtha
do sgiath on ádh gan órchna
dob fiú a feidhm ar feadh ccliachdha
sreabh narbh íartha at fheilm órtha.
21 A [...] do-chóid le chánoidh
ceann sloidh ar nach doigh dénamh
[.....] mbeirn bhaoghail
ri nar thaobhaigh fheidhm d'f[h]echain.
22 Tug suil (?) ar mheid do mhuirir
ar mbéin a cuirt fad chomhoir
da [uai?]dnibh do bhean bhruighin
fear cuiridh uaignigh oraibh.
23 Bh[ab?...]taidh séd nach síorthar
gan sgél ag ollamh órrthoibh
do chuir t[ú] an t-am dob ionchuir
do chlú ar ionchaibh chlann gCobhthaigh.
24 A ngniomhradh ar chach cindidh [145]
in rioghradh do fhás iomoibh
tainic sibh gan mbeim mbronnoidh
o réir olloimh fhir h'iomaidh.
25 Ar son dháilte dhuas ndeoradh
'mar n-áirimh suas ag sineadh
beag lat do dháimh do dáiledh
do bháidh áiriomh mhac Míleadh.
26 Míonmhuir gan teirce thorbha
dod reic-si os rioghroidh Bhanbha
tug sin an tráigh a ttíorma
iomdha an sál libh ag labhra.
27 Cuill a laibh gréine a ngeimheal
laimh re hEirne an fhuinn ealaigh
meisde cruas aithne I Uidhir
cuiridh cnuas faighche a *bfeabhaibh.
28 Sál a-mach úadha ar amhoill
ag brath na húana d'Eirind
fuighle míne tonn ttirim
sgribhind fhíre ar fond bFeilim.
29 Tainic mínreic Mhéig Uidhir
d'firshreibh nach teid tar troighidh
ni fhéd soin triall a toroidh
moir dhomhain um (f)iath nOiligh.
30 Sál tondbhán as lag luaghoil
nach can acht comhrádh céillidh
gan neart ag tuinn ar thrághaibh
ni shároigh reacht fhuinn Éimhir.
31 Buinne 'sa ghlár a ngeimhil

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

a ttragh le truime an toroidh
tond mhín ar n-aithne I Uidhir
cuiridh tairthe os chígh ccalaid[h].

32 Tond lán fa urphort n-oirir
gan mhusgladh fa Mhag Uidir
ni bhí ar neart do thuinn toraidh
teacht do chobhoir fhuinn Fhuinidh.

33 Lion áigh nach saoghlach siodha
do dháimh ni fhaomhoid era
cuirid sgola ar fear bfíona
díogha cean(a) fhola hÉnna.

34 Beag a bhridh dola a ndeaboidh
a chomha ar gach crich cuirid[h]
ga iath as-teach nach ttabhoir
fear tabhaigh fhiach I Uidhir.

35 Sgél ni foghar le fromhadh
ar ghasroid na n-ech[t u .....]
le ttig as-teach d'foir Uladh
fear culadh oir g[.....].

36 An re lan lér f[h]eith Eamhoin
a bheith mar chach nir chubhaid[h]
fuair a reic le fód bfuinidh
Mag Uidhir go leic Lugaid[h].

37 An rishlat o Rath Oiligh
a ghniomhradh os chach cuiridh
dob fearr gan dola a ndeabaidh
bearoir geall fhola hUidir.

38 Mac Siobháin ler fheith Eire [146]
budh leis tionál gach tíre
gearr bus fiú le cloinn cCraoibhe
dáoine riú ag roinn na ríghe.

39 Locoid comhtha ar chrich Laghaid[h]
ar tí fhoghla gach oirir
colbha sreaph um Bóinn mbiligh
do thighibh o[i]l fhear nOiligh.

40 Beith do reir chaich fan ccánoidh
ni budh beim dáibh a dheinimh
a-taid riamh do reir aoinfhir
Gaoidhil fein giodh d'(f)iadh Eimhir.[x]

41 Reic a saorghnaoi as tuar toile
gan a luach d'aonmnaoi eile
[ti]g dhí gur fhoir an uile
Rí an cruinne ar Óigh 'na eire. R. F. is...

398

Rob soirbh gach séad a-niodh do Niall

[NLI G 167, 300]

(see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42;

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

poem 87)

Gofraidh mac Briain meic an Bháird do rinne so do Niall Gharbh O Dhomhnaill, mac Cuinn meic an Chalbhaigh.

[Deachnadh breachtfheileasach, Dán Díreach]

1 Rob soirbh gach séd a-niodh do Niall
go mion ’s go mór
go n-adhra an fortuin Rath na Riogh
sgáth fholtúr óg.

2 Scáth foltúr ogh go n-aigneadh sáor [301]
nach soighionn sníomh
rob suilbhir ris nuaidhreach Ua Néill
rob suaimhneach síon.

3 Rob suaimhnioch síon do churadh Cliach
chaomhnus a rún
rob saor an bhrad ar ghoimh ’s ar ghágh
troigh nach lag lúdh
tar a-rís go ttilleadh da thriall
’s o silleadh súl.

4 O silleadh súl gi be ara beg
beach na mbas ccró
an tslat d’feadhaibh na riogh go ria
go mbadh dion dó
cách do bharr Tuama mar a-tá
call cuanna cnó.

5 Call cuanna cnó don choill o Cholt
nar choill an cert
na tí do reódh is na reich d’fhalc
breodh neith da nert.

6 Breodh neith da nert le naimhdibh Neill
rob nemhghar dáibh
na deach na tagaid an airg uir
cailg cagair cháigh
gidh cuich ina mbé ar túinn no ar tír
dé truim na táir.

7 De truim na táir mac Cuinn o Chliaigh
slat do thuill tnúidh
da fhoide cenn [a] uidhe uaidh
duine os gach dúil.

8 Duine os gach dúil dos díona ar ccruidh
’na ciorchaill chiúin
go bfagha an fhiormhamaint ar n-uair
ionradhairc n-iúil.

9 Ionradhairc n-iúil da aghaidh mbáin
go raibh gach rian
inne na néll rob tana ag tál
go nglana an ghrian
go ndúine an ghaoth a gion fa a glór

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a-niodh do Niall.

10 Do Niall Gharbh O Dhomhnaill dhúin Airt
dan aitgher diach
go ria san méid ’ga bfoil an fioch
’s na tóir fam triath.

11 Na tóir fam triath turbadh a ttnúidh
iath úrghloin Ír
tar a nderna da díoth budh-dhéin [302]
crioch Temhra an Trír.

12 Crioch Temhra an Trír na ttulach n-úr
uaidh gidh ben bhocht
ar chnaoi d’ioth na Banbha is da bliocht
nar fhaghbha an olc.

13 Nar fhaghbha an olc na huilc da rádh
um ráith na bFionn
an tí fo-dera a diach a drenn
mar as liach liom
giodh cách do longadh corp a cclann
donnadh bfolt bfionn.

14 Donnadh bfolt bfionn i bfrasaibh cró
no-s cosain clú
díorghadh gredh sul lomas [an] lá
fer bhronnas bú.

15 Fer bhronnas bú ’s na berta níadh
’s gach ní fa nimh
leaca réidh mar aol is mar fhuil
taobh mar ghréin ghil.

16 Taobh mar ghrein ghil go ngluaisi sul
go sleachtaibh gon
bruinne seda ara sill gach ben
leaba chinn chon.

17 Leaba chinn chon mo cherchaill fein
nach bfuarfa fuinn
érla foithreach re bfíoch mó bhaidh
m’ioth toirthech túir.

18 M’ioth toirteach túir mo thuar dhés nderg
mo dhrithle bheó
mo mhionn súl mo lennán rem lá
tenna(i)l as teó.

19 Tennal as teó re ttéigh mo thoil
mo thinne óir
mo bhrat iodhan [is] mo chraobh chiúil
nar chlaon tar chóir.

20 Mo leastar mara ar nach muidh síon
saor ar [an] stoirm
dom chomhrair séd et dom sheilbh
gach séd rob soirbh. Rob ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

399

Roinn leithe ar anbhuain Éireann
[RIA 2 (23/F/16), ‘O’Gara’, 47]
Ó hEoghusa .i. Eochaidh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Roinn leithe air anbhúain Éireann
do réir cuimhne a gcathréimend
ni leathroinn fa Bhanbha mBreagh
tarla idir mercloinn Mhíledh.

2 Da droing a-tá re tréimsi
ós cionn an chláir Fheidhlim-si
fa mhúr ngéiggheal bfhonnbhláith bFháil
rér comhgnáth eigean d’fhagháil.

3 A-ta ríamh air gach ndruincc díbh
bíaidh go brách beac da himshniomh
crioch Fhloinn na *bhfíarsrath n-úaine
roinn d’úalach a hanbhúaine.

4 A-táid ríamh o ré an céidfhir
lán d’anbhúain is d’fhoireigin
o fhairbhríogh adhbha Logha
airdrigh Banbha a buannadha.

5 Inis Chuinn na gcoll n-úaine
da righ is rann anbhúaine
coimhdhe a smachta crú[dh] a cceasd
a falta (?) a tnút do thoirmeascc.

6 Beith d’Éirinn na n-íath solus
fáoi gan fhíoch gan fholtanas
gan cliathaigh gan chor ccatha
bladh d’fhiachaibh a hardfhlatha.

7 A-tá d’iomat a heigin
Banbha Bríain meic Cinneidigh
nach gníomh roréidh da righaibh
díon an oiléin eissiodhaigh.

8 Gidh edh is íad a buanna
re hucht éigne is anbhúana
críoch bhúadhach na mbuinne tte
as truime úalach impe.

9 Minic dhóirtid crú a ccathaibh
fan ccrich-[s]e Cuinn Céadchathaigh
drong rendfhaobhrach nár ríadh treas
gearrsháoghlach ríamh a réimeas.

10 Cuctha curthar cúis omhain
dígann gach[a] docamhail
dóibh is cóir céadrinn theannta
on fhóir ghéigshlim Gaoidh[e]alta.

11 Trithe thuitid a n-úrmhór
síad fhóireas air eachtrannslogh

Roinn na Séirse, Col. na Tríonóide, TCD

crioch Bhreagh na srólpobal slim
’s ar mhórcogadh fhear nÉrionn.
12 Ag díon Banbha ni bhiú ris
mo iná leith o lucht flaithis
do shíor[sh]luaghaibh uilc re hedh
air righbuannaibh ghuirt Gaoidhil.
13 Re linn Cuinn os cionn Banbha [48]
fa mór ccath da comhardha
ro-rad s(h)áorChumhal slios seang
fa lios ráoncumhann Ráoidhleann.
14 Ni bfhúar Chormac mór mac Airt
ní fhúair Art na n-éucht ordairc
gleó nach bfhúaradar fían Fhinn
fa fhíadh bfhúarabaidh bFheidhlim.
15 Fa Fhionntraigh na n-inbear tte
ar Magh Léana la eile
ga líon eantachair dob f[h]earr
ag díon réaltachaidh Ráoileann.
16 Gach baogal gach bás do rinn
da bfuairséd fa fhíadh bFheilim
crioch na n-eas ngéigfhillte ngeal
beas dob egcinte á n-aireamh.
17 Cluithe & gáire a ngábhadh
a n-anbhúain a n-imbadhadh
san ccrích cuirr shédbhúadhaigh sin
do céadbuannuibh fhuinn Eimhir.
18 Re hainbhúain re hucht gcogaidh
ni guth dóibh nach dearnada[i]r
leath a ndé(a)ninn síol Suibhne
ag díon Éirionn iathghuirme.
19 Dream as mó fhuilngheas d’olcuibh
dream as gnáth a ngúasachtaibh
dream as diombuaine o char gcath
fa magh linnúaine Lu(i)ghach.
20 Gach cogadh gach cúis dimmbaigh
gach anbhúain gach eigeanndáil
gach deabhaidh nach seasaid sin
’na ndeagaidh greasaid Gáoidhil.
21 Clann tShuibhne fen gidh íad ann
nír fhóbair go madh ionann
slogh dearccorr na ngeibhend nglan
le lethtrom Ereann d’iomchar.
22 Ar Eogan Óg mac Suibhne
c[u]r(a)thar le cath Modairne
earr is díghend gach deacra
dream na sítheang súaitheanta.
23 Ris theag[h]mus tús a ngábaidh
air chuirid crú riDáluigh

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

cuire lonn o bhreacshrath Breag
trom a ndeacrach fa dheairedh.
24 Ni thicc úathbhas nó anbhúain
gábadh nó gúais eachtrannslúaigh
nach dírighthear ’na ndáil soin
le righbeithribh chlair cCongail.
25 Mac Suibhne srainedh tachair
ni réidh f[h]úair o Ulltachaibh
ar bhoing d’anbhúain is d’amhsibh
don chloinn crannruaidh Conaill-sin.
26 Úain codail ni chaith Eogan
da gcaitheadh ní choideoladh
gan ró díbfeirge a ndhál cath
do cládh fhírfheirge U(a)lltach.
27 Minic fúair iomláoid álaidh
ag cosnamh chrú rioghDhálaigh
fa dhórus bfhrithir bfedhma
crithir sholas sheinEamhno.
28 Minic iomcras feidhm catha
ar impidhe a ardflatho
diúltaid fían Eamhna uile
a ngrían bearna báoghlaighe.
29 Cú Chulainn an crotha ghloin
fa cend meic F[h]achtna Fhathaig[h]
do-roighne mur do-ní [a]-niogh
ní fa coimhdhe don chuigeadh.
30 Téid Conchubhar cían o shin
feacht n-áon le huathadh sluaghaidh
air Cairbhre neartmhar Nía Fear
go ria go lechtmhagh Laigean.
31 Do-rindedh leó leath ar leth
fir Uladh ogbaidh Laighneach
do diotha fa Ró(i)s na Riogh
a los fhíocha an da airdrigh.
32 Sul tairnic d’ógbaidh Uladh
cruinnughadh um Chonchubhar
do mheabaig[h] mur nar moigh ríamh
ré bfhedhain ngloin Gailían.
33 “Ar th’íonchaib[h] cuirim an cath
a Chonaill na gcleas mbháoglach”
ar ceann sídh míonmhúir Macha
“dighbhúidh dinn ar ndeacra.”
34 “As urcra d’fhilleadh ar gcúl
cath” air Conall “do chláochlú
d’eis a mbí a mbearna do bhoing
a rí Eamhna ní fháomhaim.”
35 Briathra an riogh do rún toile
“tuc láimh linn a Láoghaire

Roinn na Lámh., Col. na Tríonóide, TCD

freagair sunna seas an cath
a(i) threas urra na nUlltach."
36 "As túairgain darach [do] dhórn(adh)"
ar Láogaire "a fhlaith Modhorn
na *Laighnigh a gcath do chlódh
rath at *h'athidh ar n-iompódh."
37 "Díon an catha cuirim ort
a Eogain mhóir mic Dúrrtacht
th'aire rinn" a[r] rí Uladh
"ód-chí sinn dar sarúghadh."
38 "Ni geabh-sa ní gabhtha dhamh [49]
an feidhm-sin úait" ar Eogan
"as snámh easa 'na aghaidh
cladh an treasa a ttárlabhair."
39 Ga ttám do a ttrath an tachair
nir gabh éinfhear d'Ultachaibh
gér l(e)ór fraochmhaire na bfhear
le clódh Láocraidhe Laighean.
40 "Gabh ar do chomairce an cath
don chur-sa" air airdri(gh) Ulltach
"a dhaltán a Chú na gcleas
ar ttachrádh ós tú thuigeas."
41 "Fáomhaim freastul an chatha
coisgfid díot a deacracha
a phuba" ar Cú na ceardcha
"cuige a-n(i)ú a níam(h) náoidheanta."
42 Líona[i]s do lasair nimhe
iomthús oigre Deitchine
do fhill air Laighnibh lonna
go rinn ainghidh onchonna.
43 A-tá ón lo-sin a leith
go ló an bráith bíaidh ar chuimhne
ar *tháith fhan mbendmhagh-sin mBreagh
do mhergasraidh láoch Laigean.
44 Minic fhúasglas amhlaid sin
mac Suibhe da s(h)lecht fiodhbaidh
ta[i]rneamh fhíocsluaigh Teamhra an Trír
a fhircrúaidh fedhma a airdrigh.
45 Gach féidhm nach bfháomhaid Ulaidh
gach cath gach cúis do(a)camhail
gus leomain cáor gan (?) ccrithir
a ttáobh [E]ogain fuicfidhir.
46 Ní nair le hénmac [d']Ult[aib]h
a rinn ngliadh no a nguasachtaibh
feithimh a ndeacra a ndún cloch
teachta ar a chúl da gcu(i)mhdac[h].
47 Ní bhí báogal a mbia goimh
o Eas Rúaidh go Ráth Cruachain

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

damh ré ó iathmhagh na nArt
nach é iarrthar da fhurtacht.
48 Ionann fheit[h]eas amhlaidh sin
o *Sruth Broin go brúach Sligig
is on Dealgain tiormcáoin te
go Leargain (?) finncháoil uisge.
49 A-tá ar cumas Eogain Óig
síol Cuinn 'sa clos a n-urchóid
a síth do cur o chéle
no a sgur d'fhích is d'aimhreidhe.
50 A bfhear cogaidh a ccend sídh
a ttuir chatha a cosg fairbhrigh
a ngarrdha cáomhanta a gcath
aondalta anma Úlltach.
51 Sgáoileadh a ngíall a ngabhail
a n-aimhríar a n-ionggabhail
díon a roighnead[h] a rinn áigh
toirneamh a ttinn a ttógbhail.
52 Doras báis bearna báogail
slios fa s(h)reathaid iolfhaobhair
éigne ón bhailbhFheóir thonnbáin te
táighleoir urlair na heigne.
53 Tuir nach beantar da bhonnaibh
glór da ccreidid Conallaigh
troigh mhe[i](a)rshlim is malla a gcath
énrinn ágha na n-Ulltach.
54 Mac Mairgreg muir gan fhoras
beithir lonn lán d'foltanas
uille re fonn bfhadglas bFhlainn
tonn le ttangus tar thórainn. Roinn ...
55 Inghin Cuinn nar char lochta
dáilfi[o]t deiredh m'adhmholta
da cáomhmalaigh mur cráoibh phinn
da sáoraghaid[h] cáoimh cruthslim.
56 Ní dearmet an déd barrslim
no an glór féta focailbhinn
no an sdím ccorramhlaigh chuil cais
no an súil mongabhraig[h] mallglais.
57 No an t-eineach nar íarr aslach
no an ghrúaidh air ghné ndonnlasrach
nó an roscc dealbh(a)dha suaimhneach sáor
on luaimhneach meanma macáomh.
58 Ní mholfuinn í gan f[h]achain
andamh éinbean d'Ultachaibh
bas corcra nar coinnaimh séd
a gcomar molta is Mairghreag.
59 Cnú óir is uaisli crobhaing
móradh ban shíol tsháorConaill

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

fuath bannala comhdha cean
bannamha foghla(dh) is airgnedh. Roinn ...

400

Roinn leithe ar cóigeadh Connacht
[RIA 340 (23/M/23), 29]
Ainglioch O Domnollain
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Roinn leithe ar coigeadh Con[n]acht
do rígh ni roinn fearantacht
leth *choigeadh mhínghloin Meadhbha
lionmha[i]r *f[h]oidsean oireghdha.

2 Ar chuibhrionn seach a chéile
d'fheronn Cruachna chlaidhréidhe
on roinn iongantaigh ni fhuil
poinn d'iom(h)urcaidh na d'esbaidh.

3 Coigeadh Con[n]acht na gcnoc seng
a-tá seach tíorthuibh Éirenn
an talamh-soin riamh roinnte
fíadh anarsuidh adhbhaillte.

4 Ag Fearuibh Bolg na mbrugh slim
do cé(r)droinn[e]adh crioch Oillill
'na tír ghríanaidh ar tosach
don mhín ghrianaigh ghéugdhosach.

5 Do choigeadh Meadhbha medhach
taibhges an trían oirterach
Tinne mac Connrach chalma
an tslat foghlach Osgurdha.

6 Leis ó Ath Lúain go Luimneach
Fidheag mac Féigh fionnbruighneach
níor cailleadh fán sáor sercach
an taobh dainghean deiscertach.

7 Do áitigh Eochaidh Dala
lamh ar nar luigh nemhchara
barr fiarchorach na ccíabh ccruinn
trian *iarterach an f[h]eruinn.

8 Roinnid ar dhó 'na deghaidh
coigeadh Eachach airmleabhair
da mac ríghThaidhg uir aingidh
ón mBuill chriochaird chubhairghil.

9 Leath na tíre go tuillmhech
fuair Maol Rúanaidh righbruighneach
gruaidh aoibleach f[h]úair a moladh
fúair a caoimhleth Conchobhar.

10 Sela ríoghdha na ronna[s]
mar(r)aidh a cladh comhronna
tré úir ghloin eachlúaith an fhuinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

o shenChuaich soir go Sionuinn.
11 Mac Díarmada dhúin Themhrach
ni ghéubha a gnúis ildhealbhach
gan cuid Mhaoil Rúanaigh don roinn
a ccráoibh bhuig uallaigh Umhoill.
12 Oighre fíre na flatha
tréigfidh ar thúar ardratha
far ghabh Maol Ruanaigh roimhe
Aodh ar uamha[i]n iorghoile.
13 Lucht tosaigh gacha tresa
clann Taidhg mhóir Meic Muirghesa
da mhac aonathar dob fhearr
dar ghlac f[h]eurachadh Eirionn.
14 Lá éigin dár éirigh Tadhg
teagar chuige a chlann [.....]
do chertroinn an fhuinn fhertaigh
da dheghcloinn truim [toirbhertaigh?].
15 Do shuidh mur tainig is-tech [30]
Conchabhar croidhe soicleach
doirbh tatháoir an mhóir mhenmnaigh
i ccatháoir óir ildhealbaigh.
16 “Mur a-ta a suidhugh[a]dh(a) súd”
do chan Tadhg tenn an bhreth-úd
“bíodh ’gon gcloinn ghégdha glacgloin
an roinn ced(h)na ar Con[n]achtoibh.”
17 “O Maol Ruanaigh réim curadh
bíodh ceannus ag Conchobhar
as gnath an t-airgiod fán ór
na tairgeadh cach a claochlódh.”
18 Eirgis le fiuchadh feirge
griosadh (a) grúaidh[e] mhíndeirge
liontar Maol Rúanaigh do reacht
fa a gcúalaidh do f[h]aomh imtheacht.
19 “Da *ndeacadh Maol Rúanaigh gan reir
uaibh” ar cach “ba cleas aigmhéil
bíaidh ’na tuinn foghla uile
Banbha Chuinn is Conuire.”
20 “Biodh aige” ar Tadhg nar tubadh
“leth Connacht ó Conchobhar
do comhaidh ni iarrfa as
acht congnamh^{r} Cliachdha as cenna(i)s.”
21 Íoc a milfidhter a-muigh
fa mhuintir mhir Maol Ruanaigh
bentar do rígh le raghadh
a ttír nertmur nemhcharad.
22 Tugad dhó sochrach an sídh
bheith sáor ar slúagaibh airdrígh
a n-úair f[h]oghmhuir is earraigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

da gruaidh dhonnghlain drithleannuigh.

23 Túarasdal ga tro[i]m[e] rath
gach bliadhna da bharr gegach
da thrommhaicne [....] do geall
fúar is comairce choitcheann.

24 Gan rígh do chur ar Charn Fraoich
choidhche acht [do] dheóin [an] deghghlaoich
le siol Duach(a) ni beag an bhreth
do ched a ttúath 's a dtaois[e]ach.

25 "Geubaidh misi" ol Maol Ru[a]naigh
"sin ar eagla anuabha[i]r"
gan buanna táirraidh 'na thír
gan canaidh uadha d'airdrígh.

26 Ni dlighid cíos da chéile
siol da churadh Coirrshléibhe
sáoirrí(gh) don deghchloinn ni dhligh
aonní acht certroinn cuigidh.

27 Ri(g) Muighe Luirg lamh fortail
coiseónaidh (se) [i g]Connachtuibh
cuid *sengmhadh ríoghdha Rúanaidh
dealbhshaoir mhiolla marcsluagaigh.

28 Mac Conchabhair na gcolg sen
geubaidh ar ghabh a shinnsior
glac shaor gan uamhan ar airg
mur Mhaol Ruanaidh mac mórTaidhg (?).

29 D'fhior a chaithmhe is comhang linn [31]
leth aoncoigidh i nÉirinn
d'[fh]earonn fonnmur sáor sochrach
Aodh na gcorrbhrugh gcomhartach.

30 Ar laochdhacht a ló catha
ar mhóradh meic an ardfhlatha
ni budh ainbhreth don fhial fhionn
trían no airdleth na hEirionn.

31 Ar chrúas mbéimionn ar bhuga
ar maordhacht Meic Díarmada
ar chaithmhidhe is ar cruaidhe
ar aithnidhe 's ar áilghine.

32 Ar lionmure fa fhleadhaibh
ar (a) bheith miochair muinntrea(bh)mhail
ar bheith builidh réidh rioghdha
le cléir nduilighi ndoidhiola.

33 Ar congnamh cadhuis fileadh
ar cach do cosg d'aindligheadh
ar chill do chur 'na teighle
ar sgur feill is foiréigne.

34 Ar [gia?]lluib innsi hEalga
ar bhanntrachthuibh béilderga
ar cháoir n-armhaith ttruim tteghlach

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

’na ghlanrath cuirr ceithiornach.
35 Ni folair da bhfuil innti
gidh mór an mhuir aoibhinnti
saidhbhre na Cairrge cuirre
airde daingni dioghuinni.
36 Níor dealb(e)adh dún a samhail
cathair mhór meic Conchobhair
ráith comhnuidhe go(i)rmchorr ghlan
conchlann caomhdhúine Cruachan.
37 Coitchinne Carraic na Ríogh
fearr a hionadh eisíodh[s]
mo fa dhó tairm an tighe
’s as mó moirn na muinntire.
38 Goire fíoruisge is fíodhbadh
do dhún chaithreach *dhiúniobhraidhe
goire cúan e(a)igneadh impi
don tslúagh dhédgheal doimhillte.
39 Goirid lá ar lár an tighe
teach na Cairrge cuipghile
d’iomad slúaigh far n(d)Aoidh-ni ann
d’áoibhne a cúan d’aoibhne a habhann.
40 Fán loch mur leigid sirthi
la ciúin is cúis gairdighthi
bró eathar is barc mbennach
fan tracht leathan laoidengach.
41 As cuid da ceolaibh maithi
oirfidach a hénlaithi
feada (n)a doghrán ndon[n]ghlan ndubh
’s comradh orlamh a healtan.
42 Gair macradh aig b(h)reith báire
ara trachtuibh taobháille
cluig shionghlana laimh re loch
gáir iomrama na n-arth(a)rach.
43 Fir uall(a)ch[a] ós f[h]itciollaibh déd [32]
basa boga ag búain caointéd
ráth ballghlas na ngéibhionn ngel
par[dh]as Éirionn an aittriobh.
44 Créd acht síodhbhrugh a samhail
ráith meadhrach meic Conchobhair
síth Aodha bhus ainm(h) don tigh
caomh[a] a hairm is a héudigh.
45 Cosg diongmhala chaich uile
lámh ar nac luigh sochuidhe
an c(i)o[i]llbhile [ar] Chlár Fód(h)la
lám ainbhine d’f[h]urfhógra.
46 Lámh is gairbhe ar ghort troda
lamh mhiolla Meic Díarmada
lámh is bog um bhrat ’s um bhoin

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

glac nár ob dan na deabaidh.
47 Lámh beodha nar bhris luighe
gan rún fil[l] na fionghuile
lámh is mór ag a mionghuin
lámh nár clodh a gcathiorghuil.
48 Lamh meic Concobhair caithmigh
Mac Díarmada deghaithnidh
do shuidh ar lár chreach a gcoill
lamh each is cruidh do comhruinn. Roinn ...

401

Roinneas mo thiomna, a Shéamuis
[RIA 6 (23/L/40), 34]
Tiomna Thomáis Déis
[Rannaíocht Bheag, Ógláchas; non-Classical]

1 Roinneas mo thiomna a Shéamuis
d'fhágbhus ag Séarlus Saxa
d'fhagbus ag rígh na Fraince
cead an tEimpir do bhasca.
2 D'fhágbus ag Tomás rábach
Oscar ámhthar na Féine
o bun Banna go Suca
bheith 'na mhurrach ar Éire.
3 D'fhagbus fós clanna Mhíle
do bhí na ríghtibh Temhra
gan fearann gan nert maoine
fa dáoirse ag pioca [.....].
4 D'fhagbus ag bráitribh bochta
saidhbhrios gorta & fuachta
ca hiongna méad a ndochuir
's gan iad socuir ó fhuagra.
5 Biodh nac biadh ben nó páisde
ar ar ccáitigh dar cciorach
na monad biaidh cioth cáirnech
no cóib craibhtheach dar cciobadh.
6 D'fhagbus an chliar fa bherrán
'sar sechrán ar lorg riaghlach
ce be bhos bus mó mála
biaidh thall a sala riabhach.
7 Diothreabhach bhíos a ccaisleán
's nach dén créagán ar fhéile
o fágbhus e féin sa sparán
an glaslamh ar Loch Éirne.
8 D'fhágbhus na mna óga
théid chum pósta le lasán
fa chenn bliagna gan cóta
ná fós bróga na asán.

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

9 D’fhágbhus na maneir bhuadha [35]
’na mbhiadh suarcas san am-sa
gan ceól acht méileach chaorach
d’fhág sin an saoghal santach.
10 D’fhagbhus na daoine bocht a
da spoca lé hárd cíosa
is d’fhagbhus lucht na fferann
a ccreapull a ccuirt Íosa.
11 An bocht labán gan clúdadh
’s gan tsúsa a ffuacht seaca
ní gheabhadh Dia inar shúgra
bheith da sgiúradh on ngeata.
12 Domhnall is Séamus bacach
’s gan aca ní do íocfadh
d’fhágbhus ar an mbheirt chedhna
carna créchta o íota.
13 D’fhágbhus sliocht na mban péacach
lér caitheadh na céata punta
a-non ’s a-nall ar seacrán
gan gearrán no cirt úmpadh.
14 D’fhagbhus suthlár na seinnsir
nach frith gan aimsir fhada
ag an cloinn a-nois da mucha
ag durna píopa is canna.
15 D’fhagbhus ag cúirt na ccléireach
scríobhas Bhearla g[o] clisde
cnáimh na fferann a mbaoghal
ó tá an saoghal ar misce.
16 Físeireach sa pheanna gléasta
dul ar earma chum cuirte
d’fhágbhus e féin is O Druma
a mullach cháich da súiscre (?).
17 D’fhgbhus filidhe ar fagbháil
gan tartháil fán ngrési aca
cunchar a imuigh gach riméir
o dhinéir le druim bata.
18 Righthe móra gan tsoillse
doirse druite go duinte
begán buidhne ga[n] tsholás
do bheir-sin Tomás brúite.
19 D’fhagbhus sgolta ’na naoidhibh
d’fhagbhus caoirigh ’na n-ionad
le reic olann na ccaorach
treigios daonnacht re sealad.
20 Tinte móra ar urlár [36]
turmán tiompán is cláirseach
o d’imghidh sin son féile
d’fhagbhus Éire ’na fásach.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

21 Tri fóide as-tigh sa ngrata
san tráth-sa is mór an t-éag[ar]
mias no dhó potata
sasda an t-adhbhar féasta.

22 Builbhím cróna garbha
in tarbha liom a saoradh
ní fiú a bhfagthar dá socar
méad ar ndochuir da n[d]aoradh.

23 Beoir is seirbhe nó [a]n gaffonn
ag taffonn ar lorg meala
d'fhágbhus cead ag na daoighthib
na draoithe bheith da ffenn[adh].

24 Bruit is pláta da ccoigill
's gan fios aguinn ce mhairfios
nach truagh dhaille na ndaoine
carnaill mhaoine is ce caithfios.

25 Triúr no chetrar do dhaoine
ma chir-si a techt a ffogus
fuagair don dóirseóir bhacach
druide go tapa an donas.

26 Tiomnas m'anam do Chriosta
's mo chorp aosta don talamh
mar bhiaidh cnumh go fíochmur
da stríocadh aimsir fhada.

27 D'fhágbhus Eoropa a n-armuibh
ag arguin na ccell naomhta
doirt a-nuas do ghrása
thuaigfios an smáll-sa dhíobh-san.

28 D'fhagbhus an saoghal celgach
lán do chlampur 's do mhiorun
's ó chuaidh Fódla fa chéile
d'fhágbhus an fhéile a ppríosún.

29 Bronnas breacluinn don bhiatac
nach sirionn iasacht molta
brúgh cheólmhar leathan liomhur
brugh iothmhur nar gnath dolta.

30 D'fhagbhus agat mar chompan
file iomlán na Fódhla
an Guairdhe fial o bhreacluinn
fada farsing as pólla.

31 Séamus suairc o Chill Tuama [37]
marcach stuama gan tsechrán
d'fhagbhus agad mar chongnamh
dot chumdach o bhearrán.

32 D'fhagbhus creideimh & crábha
dul ré fana ó[n] bfísin
d'fhagbhus trosca mo thruaighe
dul a bfuaire go dílinn.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

33 D’fhágbhus a Phadruic naomhta
do thréad caorach da ngiobadh
’s muna bfoirigh orrtha Críosta
béidh a mbliaghna gan spionna.
34 Da mo liom cill os ona
ni bheith folamh mo chofradh
’s o táim a ndeire na m[í]oróg
ni fiú cionóg mo stór-sa.
35 Na bí feasta le Tómás
cé dólás riot a radha
seachuid dó do phiocás fiona
chuirfios bíoga ’na chnámha.
36 D’fhágbhus suarcas ag Séamus
d’fhágbhus tréamus a ttinnios
mo thiomna d’esbuidh cuimhne
mo-nuar lé suimle do-rinnios. Rinneas ...

402

Roinnfead cách re cléir Banbha
[RIA 540 (C/iv/1), 174r]
Muiris mhac Bríain Óig I Mháol Chonaire
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Roinnfiod cách ré cléir Banbha
do réir iuil ar n-ealadhna
do-dhén roinn cháigh go cennsa
ré dáimh *fuinn na hEirend-sa.
2 Áoinnech dar n-éicsibh a-nall
ní raibhe a ré na saorchlann
an ghléire gan díoghuin díobh
gan ceile d’f[h]íonfhuil áirdríogh.
3 Rugus do roghuin amhluidh
d’aithris ar na hollamhnuibh
an fhlaith gan chora ’na chenn
do sgaith fhola na hÉirenn.
4 Do chuid ronna do roghuin
a ccóigedh chlann cConchobhuir
d’fóir Gháoidheal ná senam soin
gebham aoinfher mur urroidh.
5 Aoinfher a-mháin do chrú Cuinn
leigid damh-sa a ccruth cumuinn
leigfiod dóibh Gáoidheal is Gall
do dhóigh as áoinfher agam.
6 Nách lor dhamh-sa clanna Cuinn
acht úathadh dár n-áos cumuinn
do thréigion ar dhuine dhil
’s a leigion uile dh’eicsibh.
7 Is é tar chách mo chuid croinn

Royal Irish Academy, Col. na hÍrlandóide, TCD

Feilim dáoinech Mac Dubhgoill
m'fer cumuinn mo chridhe dil
bile fuloing dár bflaithibh.
8 Mar roghuin rugador soin
fer dá ttugus serc suthoin
an dámh gé deghaithne dóibh
ní dál meraighte medhóil.
9 Ni ler dhóibh aoinneach oile
an chliar eolach egnuidhe
acht an seisi 'gá ttá ar ttoil
's meisi rém lá 'na lenmhuin.
10 Tré imtiocht Gáoidhiol guirt Fhloinn
eigin d'eicsibh chláir Chriomhtoinn
geg d'fine chaomhfuile Chuinn
luidhe ar aonduine aguinn.
11 A ccaomhna ós d'f[h]íachuibh an fhir
éisci Fódla fáth imnidh
decoir dul on ghealchas grinn
a shenchus go a bhun beirim.
12 Bía[idh] misi féin mur gach fer
ar úa Emuinn dom áiremh
féinnidh fionnbhras go ngné ngil
os é as ionnmhas dár n-éicsibh.
13 Dual don laoch-sa nách beg bladh
riar cleire & cosg biodhbadh
an ghég nemhlag as ferr fos
nár mheall dermad ón dúthcos.
14 Fer iomchuir gach ualoigh thruim
oidhre Emuinn Meic Dubhguill
do nós a shen ríamh roimhe
do len an fíal foltbhuidhe.
15 Decuir lenmhuin a luirg so
fíonfhuil Néill is crú Colla
an dá aicme o Bhanbha Bhregh
maicne chalma nár cáinedh.
16 Do f[h]othruig(edh) 'na bfoluibh sin
mac Emuinn oidhre an einigh
aignedh mer gan bheim mbloidhe
do len réim na rioghroidhe.
17 Ríomh na rioghruidhe roimhe
do ghabh oilen Úghoine
a mbronnadh a nglór 's a ngoil
as mór d'ollomh mur oboir.
18 Da n-airmhinn cert an churoidh
ar chrích chloinne Concubhoir
robadh iomdha inar láoidh linn
diomdha da tháoibh do thuillfinn.
19 Leigfiod dóibh cidh doilig[h] linn [174v]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

an aicme-si ór fhás Feilim
orra ríamh giodh eólach inn
treórach an fhían i nEirinn.
20 Eigin lenmhuin a luirg soin
aicme Cholla is Neill nertmhuir
dá lecoin ar lí na sugh
cé ní decuir ré a dhenumh.
21 Cé dhiobh budh dóigh i ndeabhoidh
súas dá ghlúinibh geinealoigh
drong fár lía coinghleic is crech
nó cía narbh oirrdeirc einech.
22 Do réir a shen as [s]é a shuim
dá measdaoi mac Mic Dubhguill
as díol tírre bengán Bregh
leannan fíre na bfiledh.
23 Gabhail réna thaobh i ttres
dá lucht eoluis as oirches
féinnidh fráochdha a n-úair fhoghla
an sdúaidh laochda lanchalma.
24 Mín ré mnáibh cendsa ré cléir
mac Emuinn aigniodh glanréidh
ní lér a-nú aoinbheim air
clú a sáoirNeill as suthoin.[s]
25 Ní chluinim aon dhiomdhach dhe
an mac rathmur-sa Roisi
serc na cclíar cara na mbocht
grian ar n-ana ’s ar n-ansacht.
26 Firinne feile & fos
anóir gáois & gliocas
grúaidh ghlan gan chréidhim gan choir
do char Féilim go fortuil.
27 Ní leigionn dlighedh Dé dhe
ughdur é i n-iúl na heicse
gég cumhra gan tráigh ttoruidh
nách ail umhla acht d’ollamhuin.
28 Cuid do thiodhlaigthibh Dé dho
búaidh ndealbha ceille is crotho
búaidh ngaisgidh gan dermud damh
nemhlag n-aistir an t-ughdar.
29 Iomdha féinnidh bhios ’na bhrugh
iomdha fileadh is feallsumh
’s ben fhial gan áontoil do ghuth
nár aontoigh triall ón teghluch.
30 Serc na cclíar cenn na ccuradh
fer na mbocht do bhethughadh
dos díona don daimh amhluidh
’s ar dháil fhíona d’ollamhnuibh.
31 Uaithne fuloing gach fedhma

Roinn na Sealge, Col. na Tríonóide, TCD

rélta eóil na laoch loinnerrdha
Gúaire fíal ar fedh mbronnuidh
dá ngeal grían ós gaothonnuibh.

32 Úa Emuinn is Mháoil Mhórdha
láoch trén an airm fhorórdha
teas a ghráidh mur ghrís um cheann
ré dáimh a-rís ní roinnfem. Roinnfiod ...

33 Fúair se mar gach sén oile
céile taobhglan toghuidhe
nár thuill goradh dá grúaidh ghil
cá moladh nách (bf)uair idir.

34 Fuair Anusdás d'iul na sgol
geall féili cá ferr moladh
cráobh do phór Gháoidhiol is Ghall
lón na n-aoidhed gach enam.

35 Nir thuill sí da seisi guth
o áoinnech ní bfúair égnach
díon don chléir an craobh cumhra
ní lér d'áon a heasumhla. et Rel

403

Rug an bás báire an einigh
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 73]
Seaan mac Conmidhe cecinit
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Rucc an bás báire an einigh
dobó bráighi ar dháimh ndoiligh
ní mó an cás dóip an deighfhir
bás an einigh d'fhóir Oiligh.

2 Sgél as doilig d'fhád Fhionntain
bás an oinigh a nUlltaibh
do bhuing a sén dar seabhcaibh
én d'ealtoin an fhuinn Ullt(h)aigh.

3 Enbrat[h] riogh muighe Meidhbhe
do snoigheadh dar síol cCuinn-[n]e
ni hé a bhuing dhínn budh doilghe
roighne shíl cCuinn da ccuimhne.

4 Da ttí se le seacht ttroigibh
nir theach do mhéad a mhuirir
Níall Óg ní hécht nach doiligh
ar sheacht ttroigibh d'fhód Fhuinidh.

5 Beag más doilghe díth einfhir
gan chuimhne ar dhil do dheoraibh
an chlíar do-chluin da sgélaibh
déanaimh síar tar fhuil Eoghain.

6 Gan chúairt chléire um chlár nOiligh
nár an céim-sin dá chumhaidh

Royal Irish Academy, Córas Tríonóide, TCD

bídh a chuairt fé(a)in ag filidh
cuairt chinidh Neill a-nuraidh.

7 Ulaidh do chuir fa chánaidh
a ccumha nir chuid mhaoidhimh
súil do cháoi idir chrú Eogain
do bháoi ar dheoraibh clú cháoinidh.

8 Cách acc reic Neill a-nuraidh
leis eidir chléir is choraidh
'na tost as fearr leac Lugaidh
*cumaidh leam gur reac roghain.

9 Da mbeith ní nar don Niallfhuil
ceilt ré ndáimh ar a ndeoraibh
go dáil chruidh fa ól d'aoidhibh
bron fáoilidh ar fhuil Eoghain.

10 Do sháoil Níall uadh narbh anta
a-tuaidh 'na dhiaidh nir dhulta
do-chuaidh is ni ar ceand teachta
ceann eachtra úaibh a Ulta.

11 Ceard mholta fa mac Grainne
gola ar nach gabhthar sáoire
clú a ttuirrsi on tír go chéile
treidhe an tsíl cCuinn-si caoine.

12 Tug an úaig do mhnáoi an mhallghuil
ní fhúair sí a-muigh nar meabhraigh
cóir do bhí a huain ag inghin
úair dar imghidh sí an seanmhuir.

13 Srian tuirrsi leó nir leigeadh
seól a luingsi gur leagadh
dob fearr don chléir a chogadh
cogur Néill leam ni leagar.

14 La don chléir doiligh ndíola
téid folaidh ní fáth rúna
rucc cliar do-chóidh fa éra
sgéla ar mbróin fa fhíadh Úna.

15 Brón fós ag nach bfuil deireadh
brón a-muigh as mór seanadh
do-bhéra a sheal d'f[h]óir Uladh
dubadh bróin nach geabh gealadh.

16 A shearc da reic ag riogain
ar tteacht ar an leic línidh
a cáoi fe(a)in is da fiadhain
liamain Neill ar mhnáoi mhílidh.

17 Craoithi do chuir fam chumhaidh
cur do maoithi do mheabhair
guala a righ fein acc filidh
dligidh dhím déir 'na deaghaidh.

18 Ticc sídh ar th'fhéin da hathchar
fa-ríor nach réidh do-geiphtear

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

gidh é an síodh féin ni fuighthear
cuirthear síol Neill a neimhcheann.
19 Ar tteacht Uladh gan iarraidh
an feart acc dula a ndáoinibh
fuair ar th'feart deór dom dhéraibh
dearc ag déanamh eóil d'aoidhibh.
20 Da treigheadh tacht ar th'fhoglaidh
toil ag féindidh da fuighlibh
caittear lá ar h'úaigh le hinghin
lá ar imlibh cuain do chuimhnigh.
21 A mhic Airt nar thuill toibheim
gan roinn dot fheart ni furail
beag mór fan uaigh ar n-anóir
sódh anshóigh a húain d'fhagail.
22 O t'feart ni fhaighaim (f)úaradh [74]
anaim ar th'fheart 'gá theaghadh
bím ar h'úaigh leis gach n-áoinfhear
bim ar sgaoileadh uaidh enar.
23 Beag an díol riamh don rádha
líon gliadh ar th'fheart go hónna
doilghi ina síodh ar séna
siol Enna ag cuimhne córa.
24 Mar sin tarla d'Art Aoinfhear
breath na bfháidheadh nír fíoradh
sáobh an lá linn dot cháoineadh
la Gaoidheal rinn fad rioghadh.
25 Goil gan teas ar a tteinntibh
acc meath an oirir Ulltaigh
do roinn sí re fíadh Fionntain
grían nach bfhionntair í a nUlltaibh.
26 Gach sruth lán a n-iath Oiligh
'na thraigh fa Niall a-nuraidh
tig sál da tháoibh um thealaigh
geabaidh fál braoin acc brughaidh.
27 Srotha doimhne a ndeoigh ceatha
ni hoircheas gan deóir ndatha
créd dob áil d'ísle a ngotha
srotha an chlair mín-si Macha.
28 Tír fhaghladh (f)úair a hitche
do-chuaidh far n-abhlaibh aipche
doilghe fá dó na heitne
teirce cnó um oighre ar nAirt-ne.
29 Turbadh cean a ccionn Uladh
gach sreabh os cionn a copadh
ticc sreabh a ttír le taradh
caladh sídh na bfhear bfholadh.
30 Geill Banbha acc triall da ttigibh
srían faghla re féin Oiligh

Roinn na Láimhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

sccaoiltir cóig geill a geimhil
lé deimin Neill óig d'oigidh.
31 Teacht a-rís dóibh is deireadh
da mbeith brígh sa mbróin churadh
má tá an úaigh go foill falamh
ni sgaradh lúain d'f[h]oir Uladh.
32 Náir le dáimh na ccoig ccóigeadh
nach dáibh do-cháidh an céidsheal
líon gleo fan úaigh 'na n-éidedh
éigean uain leo do leigean.
33 Do bhean déra a dáimh doilligh
na déra do dháil dlighidh
do luagh tarla ar fhear n-oinigh
moighidh sreabh fhabhra ar fhilidh.
34 Tucc Niall ag sin an saogal
an chlíar soirin acc seoladh
ciall cháigh a Niall do nuaghul
sluaghadh síar ag dáimh deoradh.
35 Do sgáoil glas bhragha Bóinne
gan mharthain do mac Gráinne
gé sáoph tug cás ar ccáoine
sáoiphe rucc bás an baire. Rucc ...
*36 On treid-sin as tearc minchéim
teacht tar chéimibh an cathshlóigh
fada síar o fhreimh raithNeill
caithréim Neill nar iarr athchóir.
37 Ní tosach dhuinn nach doilligh
tús do chondún da cheanaibh
da tti a ríomh riom on chumhaidh
cumain liom gur díom dleaghair.
38 Go Ráith Cruachan cuir diomdha
do chúartaidh cú na hEamhna
do sgáoil úaidhe a ord faghla
tarla ar bhord Muaighi a meanma.
39 Do léig sirthi go Sionainn
nar filleadh go fréimh cConuill
dob fhada ó chuairt chláir Geanainn
cairt sheanfhuinn chláir an Chorainn.
40 Baile í Chotil céim foghla
téid an toir-sin go talmain
lórcc a chréach tar Muaigh maighrigh
creach o Laighnibh (f)úair amhlaidh.
41 Lá eile a nInis Sgreabhainn
a bhriseadh da mbeith oruinn
sgáoileadh th'fhían úaid da cceilinn
do-gheibhinn thíar rúaig romhuinn.
42 Clúain Chruidh do chlannaibh Eogain
ar Ghallaibh do chuir cánaidh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

sirthi Neill fa Bhóinn mbraonaigh
glóir saogail Í Néill náraigh.

43 Losccadh Teamhra as túar cumhadh
an gealbhrugh 'na ghúal theinedh
baile Sláine dhó ar ndubadh
ró cumhadh daimhe a deireadh.

44 Baile Átha Fhir Dhiadh gér dhoilighˢ
tig 'na smál diadh 'na deaghaidh
tucc Níall fa dhó 'na dhoighir
doiligh riar dó re ndeabaidh.

45 Baile Agaird leo loisgear
an Agairt gé mór measdar
fá Dhún Léire do losccadh
brosdadh déire dúnn dleasdar.

46 Fir Mhanach dháibh ni doilghi
lá na ccartach do chuimhne
mór le a ccreich a ccóir oirne
doilghi dóibh be(a)ith gan bruighne.

47 Táobh síar do Loch lá eile
Níall ag cur cáich fa oir(n)e
Slíaph Dhá Chon a cheand uidhe
Gleann Buidhe gan crodh ccoire.

48 Áth Camais ar clainn nDálaigh
do bloghais gérbh fáth uamhain
ni frith libh glais da ngiallaibh
fiadhain sin ar ais uadhaibh.

49 Magh Aongusa (f)úair d'onóir [75]
d'áontachadh úaidh a ghabháil
nír chleacht se a thuar do thoibhéim
gur roiréidh uadh é d'fhagáil.

50 Briseadh Albanach d'áireamh
targamur d'fhine Eoghain
búain Briain díobh tar a ndáoinibh
sgaoilidh cíaigh diom fa dheoraibh.

51 Túar bróin briseadh an Tríocha
tóir le tileadh gach iatha
tiocfa diomdha o thuaidh tríotha
iomdha críocha o bfhuair fiacha.

52 Téid sin fa fhearaibh Ultach
brisidh Bhealaigh na mBracthach
téid fa búaibh cháigh go cogthach
ocrach fuair cáir a chartach.

53 Lá na Finne is dá f(h)aglaibh
bristear an t-áth lé a ealbaidh
nir fhan ó fhéin an chalbaigh
damhraidh Neill gur bladh bearnaidh.

54 Creach Mhuine Mhóir do mheabhair
a thuireamh fa dhó as doiligh

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

mur sin do Ghleann an Chadhain
Ceann Mhaghair (a)[ó] chrodh cuiridh.
55 Ceann Tinneagáin do thuireamh
bearn orbh ioniomráidh th'fheadhain
tarla clú on fheidm oraibh
blodhaidh tú beirn an Bhealaigh.
56 Sliocht Airt nirbh éidir dh'áireamh
gan bhreig ar bhean da ndáoinibh
ríomh a ccreach ni ceim einfhir
creach do reidhigh ceill ccaoinidh.
57 Síol cCatháin úaidh fa fhalaidh
Ó Catháin (f)úair a oighidh
da mbeath urra re a haghaidh
maraidh creach Dhroma Droighin.
58 Cuimhne lá Léime an tShiondaigh
cach da chéile do cheangail
iomdha o ghníomh Néill a-nallain
ar clandaibh ríogh ceim cendaigh.
59 Fiú h'easbaidh don fhóir Ultaigh
an chreach-sain leó ma leantair
tú a seilbh na ccreach do-cluintir
creach do muintir Bheirn beantair.
60 Máidhm Tolcha an Charbaid cháoinim
tarla 'na orchra d'Éirinn
dob é a dhóigh Níall da núaroinn
lúaghoill bróin fa fhíadh bFheilim.
61 Máidhm Í Neill dínn da ndeachadh
on chléir gan ríomh ní rachadh
minic ruc céim da ccreachadh
fa Shléibh Beathadh thucc tachar.
62 Tucc Muineacháin uaidh d'adhnadh
coimhthional fa bhúaibh biodhbadh
d'éis a chinn os aird d'adhnadh
fagmhúr Chinn Aird as iongnadh.
63 Clann Domhnaill Í Néill náraigh
leir od gormloinn gan guaillibh
máidhm an Tríocha as túar caoinidh
dúal maoidhimh th'fhiocha ar uairibh.
64 Do bhris Níall cóir nach cceilim
re cóir a fhíach ní fhuilim
Baile Í Neill fa rún reamhuinn
Dún Geanuinn a cceill cuirim.
65 Creach an Rúta as túar tuirrsi
ní fhúair cungnamh fan ccreic[h]-si
do nocht a bhrón dar mbais-ne
tocht tairsi mas lór l[e]ibh-si.
66 Tearc túarasgbail a hadhnaidh
beart fan Uamhabhail imridh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

do leag sé an tor go talmain
faghla fa chrodh é ar inghin.
67 Áth Sgilleand gé sgel doiligh
eisiomlair dér 'na deaghaidh
do chuir sé srían re comhaidh
blodhaidh Niall é re a fheadhain.
68 Cách go rodhána romhaibh
do chondálaibh nir chobhair
a ccoimhriar as díol doiligh
oigidh ríogh Oirghiall oraibh.
69 Port an Fhailleagáin d'f[h]éaghain
ba roitheandáil dá-ríribh
mac Í Fhlainn uadh san áireamh
tárraidh luagh sa loinn línigh.
70 Briseadh na Finne ar f(h)iadhain
da ccéileadh cineadh Dálaigh
mór a chlú a-nú don Niallfhuil
cú fiadhain thú don tánaigh.
71 O thír Fhíachrach fhuinn Muaighe
go fíalchath bhuird na Bóinne
go bás Neill ni fáidh fíre
cáin gach tíre réidh róinne.
72 Bíodh ar fhiadhain fhuinn Oiligh
gan grian cumtha dá cheanaiph
ní bhíam réidh uaidh gan fholaidh
foghail Neill uainn go hEamhain.
73 Ní beag le fearaibh iomtha
a bfhuil da cheanaibh cumtha
do gnáthaigh sé sén deabhtha
sgéal dearbhtha é ar an urcra. Rucc ...

404

Rug cabhair ar chlár mBanbha
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 68]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Rucc cabhair ar chlár mBanbha
d'imdhidean a athardha
cneas seangbhán as sáoi i ndeabaigh
's mearghradh do mnáoi Mhuireadhaig.
2 A-tá sí re seal éiccin
críoch Bhríain Mhóir mic Cinneidigh
gan fear a cabhra da cloinn
san mBanbha ar eadh a hiomruill.
3 A-nois tainic a tríath fé(a)in
d'furthacht Banbha bean ríNéill
mac rígh dána goire an gort
do brígh toile da tochmarc.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

4 Fa a tríat fé(a)in do theacht ar thuinn
a-nocht as faoillidh Freamhuinn
ní tuirrseach fan ccás do-chluin
Nás no Uisneach no Eamain.

5 Mac oirbeartach Airt Uí Néill
cabur Fhod(h)la an fhuinn mhínréidh
géag abhla do chúaine Cuinn
Gúaire Banbha ’sa búachaill.

6 Ní fhuil od theacht go Teamhraigh
as tuiccthi tra a Toirdhealbaigh
san ccrích mbáintigh mbúidh ni chel
úir nár fháiltigh nó aiear.

7 Do fhailtigh reat theacht a-túaidh
Oileach Eamhain is cCráoiph Ruaidh
bean Tuatail ’sa tromghrádh ort
’s acc orlár Chrúachain Chonnocht.

8 A-ta Colt is Caisiol Cuirc
an úair-si ar tí do thochmhairc
as mithidh leó luidhe libh
gan ceo ccridhe réd(h) chaidribh.

9 An toil rúin do-radadh dhuit
o leannán Cuinn is Cormaic
as toil mhná o chroidhe do chinn
ta ’na oire ar a hinntinn.

10 Bheith ag gach glún dot ghlúnaibh
ni col don mnáoi miorúnaigh
iomdha a-nos uaisle nac ail
an úair-si mur los leandáin.

11 Thusa fós a fear fíre
do reir iúil gach éinlíne
ta ’na ceangal céime ort
lér gealladh Éire d’f[h]urtocht.

12 Tuicc go bhfuil d’f[h]íachaibh oraibh
a caphur mur chúalophair
a ghéag chúlcas as cuing dhuit
o duthchas Cuinn is Cormaic.

13 A mic Airt a úa na ríogh
ar ccúl do-chaidh gach gairphshion
ar do theacht a thríath Doire
a-nocht go hiath nUghoine.

14 Taisccthear ’na ní iongnadh d’fhior
cuacha do ghairm san geimhreadh
ceall is tuath ac labhra liph
damhna [na] ccúach do chluinsin.

15 Do íslidh anfa na ttonn
an ghrían do las ’na lochrann
dhuit do las rélta os reandaibh
a bhas sheanta shoineamhail.

Roinn Bhéaloideas Éireann, Col. na Tríonóide, TCD

16 An chóill do mhéadaidh a meas
an talamh tucc a thoirrcheas
a-táid ’got fhogra fuinn is dinn^{s}
a bFhod(h)la Chuinn ní cheilim.

17 A úa ríogh fhréimhe hEogain
aithbheodhad[h] áois n-eidtreoraidh
a-ta a-nos san mBanbha mbinn
a los h’anma fa Éirinn.

18 A-ta an t-áos gráidh ag guidhe libh^{s}
a-ta an file ’sa[n] féinnidh
a-ta an úair-si tra ar gach táoibh
ar n-úaisle ar mná ’s ar macáoimh.

19 Na gabh a chnú mo chroidhe
cumha óir no eachraidhe
do chéim féin no go bfhagha
do réir Néill a-nallana.

20 Cuirim do chumairce ar Dhía
ar áonmac millis Maria
dot dhíon ar ghallfhoclaibh Gall
’s ar gníomh n-anfholtaidh n-eachtrann.

21 Barr ar uaisliph innsi Fáil
rugais a láoich Iomdháin^{s}
as tú as féile uainn d’fholaidh
búaidh gach f[h]reimhe rucabhair. Rucc ...

22 A inghean Enri a grúaidh gheal
altaidh é leision Dúileamh
a sdúaid gleicceal go nghloine
gur tréiccedh uaibh h’eólchuire.

23 Bar n-imneadh cuiridh ar ccúl
tainic tús ar búr bfhortún
do frioth on feile oraibh
críoch do [fh]reimhe rucabhair. Rug ...

405

Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin
[RIA 710 (23/H/25), 18r]
Maolmuire Ó Moirín cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Rug cabhair ar Chloinn cCoiléin
fhoirfes an eang ghrianshoiléir
posd ilghnímhchles na ndál ndocht
lámh a hímshnimhches d’f[h]urtocht.

2 Rug uire d’éis a hanshoidh
ro s(h)uaimhnis is sódhánóir
an chríoch réigh bhailbhlinnte bhind
ó phréimh airmrinnte Oili(o)ll.

3 Tug a maoith ar mhéid menman

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

tug a tuirsi ar sibhendradh
fán bhflaithchéile da ttug tes
tug a haithmhéile ar aoibhnes.
4 Do dhermuid sí a cuing chesa
do sgar ré a sging doilghesa
braiter lí a lúthgháire soin
ag tnúthgháire ón tí tárroidh.
5 Súan na heilte ar fhíadh Eachtghe
nach fes cuimhne a coinbhlechta
a-tá ó thaibhgheoir chráoi Chuirc
gan aimhdheoin ar aoi d'f[h]obhairt.
6 Ge mór fuair d'f[h]eidmibh amhluaidh
d'imshniomh uilc is eachtronnshlua[i]gh
beg se(c)[d]h a ndocrachta dhi
fer a fortachto o fuair-si.
7 Clann Coiléin na ttrágh ttairech
dí ní céile comhaighech
gruaidh doighernair go méin mir
do [fh]réimh oirerbhain Éibhir.
8 Ta(i)dg mac Domhnaill cnes *cruaidgeal
don chríc-si is e orduighther
eang na lios ttirmlíonmur tte
ré scrios imshniomhghomh aisde.
9 [D]oirseóir dhorais a héigin
lámh dhínsighthe a doirbhchéidil
craobh cheóil a soirbhighthe soin
doirbhdhrithle a ndeoigh a dochoir.
10 [É]igne ó innn[bhear?] Innsi an Laoigh
gnuis dil nach taighleann tathaoir
[.....] fine toighe Táil
croidhe is ainmire a n-edráin.
11 [...]a tre[...] as nach tuairthior béim
bhus dáil chabhra ar chloinn cCoiléin
[ataid?...]hsaoidecht chla(i)nn Chuirc
a n-aoinecht ann ag adhuint.
12 [Seabac d'fhor]aois fhóid tSionna
draig lonn d'aicme Oilealla
g[núi]s [fhín]leomhuin tais na[ch] tim
d'fiorfheói[l]fhuil[r] Í Cais chéibhfhinn.
13 Ar uaisle ar mhíne ar mhe(i)rdhucht
air theist ccensa air chróidhemhlacht
decair breith iomaithfir air
nó ar dhreich fhionndaithghil fhosaidh.
14 Mo-chen iomchras tréithe Thaidg
gan mhéin ttnuith gan tóil d'iomairg
[gruaidh?] thaobhshoirbhréigh nar chlaon cert
nar aomh aonoilbheim d'éistecht.
15 Aigneadh soilbhir ar (f)edh (an) óil [18v]

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

guala thend a ttraith tinóil
dreach lethluisnech go ngne ngil
nemhthuirsech é is na hairgibh.
16 Mac Domhnaill Meic Con Mara
bláth lubhghoirt bhruach Bhorama
dlighidh deighionramh Chláir Cais
néimhiongnadh dáil an dúthchais.
17 Dlighidh fós mac mhic Domhnaill
clódh tnútha fer n-anfhorlóin[n]
draig nar fhuloing goin a ghruadh
mair Choin cCulóin[n] ón cCraoibhruadh.
18 Mar soin do fhóir an taobh thua[i]dh
Cú Cholonn triath an t[r]omshluaigh
clár lesnaoigheal go lí séin
do bhí a ccesnaoidhen cuibhrigh.
19 A chrích Uladh cenn a ccenn
do lethnuigh cíachbhrat coitchenn
no gur chinn ortha uile
'na sging orchra is eólchuire.
20 Níor bhínn leo laoidhrecht molta
geoin laoch bionnghlor bannntrachta
na nuall fonnmhar crithrech ciúil
go slighthech tromghlan taighiúir.
21 Tugsat ar maoidh a medhoir
do chlao[ch]luidh a ccreademhoin
clár na ndes mbratshoillsech mbinn
fes ba hattoirsech d'inntinn.
22 Goirid dóibh 'na *dhiaig soin
no gur éirigh Cú an chleasraidh
an róibheithir gan mhóid mhir
ag fóireithin fhóid Oiligh.
23 Lúibh íocshláinte d'f[h]uil a chnis
do dháil uaidh 'na luibh leighis
ar mhil eschná ón Bhoinn bhinn
gor fhóir i n-éischrá Fheidhlim.
24 Mar do fhóiredh Cú an chleitín
an uair-sin d'f[h]uil oirdreicÍr
fóirfeidh flaithchéile chr[a]oi(dhe) Chais
gach laoi ar aithmhéile a othrais.
25 Claoidhfe[i]dh trá Ta(i)dg mac Domhnaill
gach teidm bhus túr anfhorloin[n]
da mbia(dh) a moigh fhódbhain ó nAirt
mar an cCoin n-ógnair n-ordhairc.
26 Cosmhail a méin muin air mhuin
mac Domhnaill is Cú an chleasraidh
dá phost go n-ilghesaibh áigh
ré cosg imresoin d'eanlaimh.
27 Grain loinderdha chlann cCoiléin

Roinn na Séipéise, Col. na Tríonóide, TCD

mac Áine an seng saorshoirbhréigh
cur dergruathu[i]r dá ndíon sin
gríobh do lergbhruachaibh Luimnigh.

28 Lámh chosnaimh chirt a thíre
ar aobhdhacht no ar ainmhíne
brat téagairthe a táthiomh bhrais
fa choin mhé(n)duighthe a macnais.

29 Gríobh fhuilech don fhúil Bhria(i)naigh
séad aithleghtha óirmhianoigh
éan guaisbheithre threibhi Táil
bleidhe uaisleithe[r] a hiomráidh.

30 Fer faire fhuind an [Fh]orgais
glór soirbh gan uidh n-iomarbhais
dreach lethghoirthe nemhdhubh nár
dealradh brethnoighthe an bhandal.

31 Neimhiongnadh dho an teisd thuillios
ar chródhacht no ar cumoinnfhios
ar caithmhi(t)[g]he nó air méin mhír
nó ar mhaithmhigh(th)e an ts[eimh] ts[ui]lbhir.

32 Na hairrghena is adhbhor tnúidh
frioth iad a-niogh ó na[dúir?]
fán ccrích réigh sliomacroigh saoir
d'fionnachtoin 'na mh[ei?]n ma[caoimh?].

33 Ríoghfhuil chródha chinn an Chláir
fuil airmhech iarla Gabhrain
fríoth 'na ghnuis tirmnaoighil te
cuis ionmaoidhimh a n-uaisle.

34 Géag do Bhrianfhuil bhruaich Shionna
d'fuil Cais is chrú Oillealla
iarsma daighmhéine d'f[h]uil Airt
is d'fuil ghlainphréimhe Gherailt.

35 Siol Aodha gríobha an ghaisge[idh]
is crú Cherbhuill chianaisdr[igh?]
fillte a n-aoinacht 'na dhreich ndil
is saoidhecht ag breith bisigh.

36 Ua Chathaoir Mhóir ó Mhoigh Máil
's ua na n-iarladh ón fhionnMháigh
deaghua Táil is Éibhir Fhinn
táin le n-éiridh a innting.

37 Biaidh ó Tha(i)dhg Mac Con Mhara
an chríoch bheinréigh bhraontana
gan fer formuid ar a fud
'na fer comhruic re ccomhrug. Rug ...

406

Rug cobhair ar chóir Gaoidheal

[NLI G 167, 156]

(see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42;

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

poem 45)

Mac Con (mac Con Coigcríche) Ó Cléirigh

[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach down to qt 30; Deibhidhe thereafter? A separate poem?]

1 Rug cobhair ar chóir Gaoidheal
lór do chosnamh a ccánadh
mór an ní do fhóir aoinfhear
cóir Ghaoidheal do bhí a mbádhadh.

2 Fiadh Airt fa ainbhreith ndeóradh [157]
(a)riamh o aimsir mhac Milidh
buain di nir dhóigh acht d'aoinfhear
cóir Ghaoidheal is sí ar síneadh.

3 Leath Cuinn gan cóir 'na n-aghaidh
fa dhruing deoradh as doiligh
ni hí an chreach gan tóir Temhair
dlegha[i]r a leth d'f[h]óir Oiligh.

4 Iath Banbha ar bhruid da bfóiredh
oidhre Maghnais na maoidhemh
fine Cuirc fa dháimh ndeoradh
nair do leomhan ghuirt Gaoidheal.

5 Teid mar sin tar an senroinn
mar théid an mhuir meirbhlinn[s]
nar gheall Conn diol Í Dhomhnaill
biodh gur chomhroinn fonn Feidhlim.

6 Súil re tréd fionnchraoi Oiligh
ni gheabha a n-iomlaoid d'f[h]earaibh
triath acht an tAodh rer fhuirigh
d'iath fuinidh ni thaobh Temhair.

7 Ge do bhaoi fa bhreith Danar
do ghabh le hAodh go humhal
biaidh ar Bhoinn 'na bharr faladh
madh anadh thall d'f[h]óir Uladh.

8 Si ar mbuain céille do chobhair
go bfuair a ceile cubhaidh
d'egla Gall ni reac roghain
mall go lobhair leac Lu(i)ghaidh

9 Nir fír tarbha f[h]uinn Oligh
gan leanmhain luirg a chinidh
beg nach cóir do chlaon Temhair
dedhail d'Aodh re Boinn mbiligh

10 Sínidh ríu do réir toile
súil ar Eirinn 'ga fhine
do-bheir soin súil ar Dhoire
sa[n] tshúil eile ar mha[i]gh Midhe.

11 Ni bhéra cóir do Chuailgne
do Bhoinn gurb f[h]éidir éirghe
ben Chuinn ag éd far nAoidh(i)-ne
cred acht aoibh(i)nne f[h]uinn Éirne.

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

12 Beg an t-iongnamh d’f[h]iadh Fuinidh
go mbiadh d’iomdha ’na n-aghaidh
Eass Ruaidh mar rug do roghuin
s(a)oraidh da huaim tug Temhair.

13 Endamh ag diall re a damhraidh [158]
nach géabha on triall sa turbaidh
sé ar ccar a thoile i tTemhraigh
damh dealbaigh mhuighe Murbaigh.

14 Tolcha míne um iath nOiligh
da sírbhreith riamh mar roghain
fada a-tuaidh gan táth Temhair
Áth Senaidh uaidh fa fhalaidh.

15 Geall n-áille as cóir nach ccuirther
le clár Boinne da mbeirther
a fhir an chláir do charthoin
gabhthar libh laimh le Leithbhior.

16 Cnuic chaomha mhoighe Murbhaigh
ag fosdadh Aodha Eangaidh
o Mhúr Té ni ham d’anmhain
faghlaidh é thall ar Themhraigh

17 Cúig rígh fa Art dob éigen
nir ghabh gan cíos on chúigear
magh Eithne a-bháin do bregadh
na[i]r trégadh ceithre ccuigeadh.

18 Brath aice ar (a) ceile cubaidh
a haithne féin go bfoghair
ben Neill is í eider fhearaibh
benaidh sí ceill do chobhuir.

19 Sgél aosta ar athchor ndeóradh
don Aodh-sa as cosmail cceimeadh
gnath dóich a sgél do sgaoileadh
lén Gaoidheal do fhóir einfher.

20 D’eis fógra catha ar chniochtaibh
do ghasraid Thuathail Tectmhair
gan geall re trén ni tigther
sgél go litribh lem leantar.

21 Tuathal dob oidhre ar Fhiachaidh
luadhail na fóirne feachaidh
mór bfáidh ag fógra Tuathail
saith nuachair Fó[d]lla ar fhéachain.

22 Sé ar sgrios Aitheachtuath Eirenn
sliocht Danarthuath gan dionbhann[r]
lion gleo do ghabh aonfhonn[s]
magh Freumhonn leo go líonann.

23 Fuair Tuathal tráth don mheisnigh (?)
fuaradh (?) le cách a cluinsin
báidh le Bóinn buing fan bfer-soin
do fhóir easb[h]aidh fhuinn Uisnigh.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

24 Tuathal na ttachar bfrithir
d'fuagar Danar go ndeachaidh
doibh séin fa damhna dochair
gein shochair ádhbha Eachaidh.

25 Do ghabh Tuathal fád Fuinidh
dar fuagradh an dámh doiligh
do mhac Fiacha(idh) as séd samhail
géag tharaidh iatha Oiligh.

26 Sé ar bfuagra Danar ndorrdha
Tuathal na ttachar bferrdha
fógraidh Aodh fine Fomhra
craobh chomhdha tighe Temhra.

27 Brath nuachair ag iath Éanna
re Tuathal tiad a thaoma
ge a-tá an t-ainm riamh 'ga rádha
cára a ghairm 'na iath Aodha.

28 Sealbh meic F[h]iachaidh gan f[h]aire
ar léigthe ar iathmhuigh Eithne
treabh Thuathail a léim l(u)ighe
slighe nuachair reidh reimhe.

29 Gairm 'ga cur ar chath Murbhuidh
a brath ar ndul dot dhiomdaid[h]
fada is-tegh a-tá it mhenmain
lá i tTemhraigh Breagh 'gud bhiodhbhaidh.

30 Da mbeith gan adhbhar eile
acht Banbha 'gut fhreimh roimhe
ben Néill do dhruim a ndlighe
d'fine Cuinn as leim luighe.

31 *Ar Choluim ni cuirthe a suim
fuasgladh geill do chrú Conuill
giall Laighneach do bhean a broid
is fer ainbhreath do fhuasluicc.

32 Aodh O Domhnuill os dó a-táim
sguirim do sgealaibh Sgannláin
mithidh festa a breith a broid
ni cnesta a beith 'na brághoid.

33 Deacra na réllann do ríomh
riomh míorbhal mh[e]ic an Airdriogh
cóir don ghabhail da ghaol féin
Aodh do chabhair 'na chaithréim.

34 Do bhen gabhail Aodha a n-ór
d'éiccsibh Eirenn da n-urmhór
nir mhór do Choluim a chur
ar n-ór oruinn re a fhuasgladh.

35 Fáth oile far thriall tar tuinn
mac Feilim fuair an doghruing
a crích Fó[d]lla nar ail lais
an dáimh d'f[h]ógra fa athais.

Roinn na Sean-Teanga, Coláiste na Tríonóide, TCD

36 Nir mhó an eigen uair eile
dámha an fhuinn-si Úghoine
tárr as fóir a hachrann Aodh
a Chathbharr óir na n-ardnáomh.

37 Acc so uair admhála an ghaoil
a mh[e]ic Eithne an fhuilt óirchlaoin
ben ar ngiall a glasaibh Gall
a niamh mar lasair lóchrann.

38 Tabhair anál d'f[h]uil Chonuill
sgaoil trath an glas gnáthgobuing
ben a glas don Aodh Engach
do ghaol as ni hoirbhernach. Rucc ...

407

Rug cobhair ar Conallchaibh

[RIA 4 (24/P/27), 85]

[An extract from this poem was published by Eleanor Knott in *Irish Syllabic Poetry* (70-71) under the title 'Tokens of a rightful prince'. This corresponds to 11-16 below]

[Cú Choigcríche mac Mheic Con Í Chléirigh cecinit]

[Casbhairdne, Brúilingeacht]

1 Rug cobhair ar Conallchaibh
tug omhan ar easccairdibh
cás a ccoimhghi an cobhair-si
fath a ttoirsi tesairgfidh
beag cloister da ccomharcaibh
do coisgedh an cheannairce
smacht riogh an chláir Conaill-si
ag díon caich ar creachairgnibh.

2 Ar threibh Cruachan cuimhnighter
nuachair don treibh Thaillten-sin
faidhe righe Rudhraighe
traighe míne is mairbhlinnte
fírbheach da sleacht sengsaithe
gég fan hiseal airdbhile
smacht riaghla an chláir Corbmaic-si
don iarla a-ta a ttairringire.

3 Lucht faire ni foillsighther
baile ar f[h]ud gach ardachaidh
an treabhadh ni toirmisgther
an eaglas ni hairgfi(gh)ther
guth na cclog ni cluinfither
lucht na n-olc a n-ardcrochaibh
re linn righe (an) Rudhraighe(-si)
finis ag na foghladhaibh.

4 Bean fan ogmhac Aodha-sa
feadh Fodla ni fiafroighther
glas ciste ni caomhanter

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

slighthe tresna sliabhchnocaibh
tug an focal fuaradar
lucht foghla ’na bhfialcharaid
da fhaghlaidh i n-einleabaidh
i n-adhbhaidh an iarla-soin.

5 Fan ccúirt ccoillghil ccneaschorcra
coimhlid uird a n-aithenta
tír a mórthar minchealla
’s a n-orthar na haifreanna
fáoi ní fuilteach foghadha
’s ní cluinter na caismearta
reacht fan iarla Oiligh-si
nach iadhthar teach taisgedha.

6 Slat úr don fhreimh riogha-sa
téid a chlú go cíanfhoda
por corcra na crodhachta
ór na fola as fialbhuga
searc an oirir Úna-sa [86]
ní fer oinigh íasachta
cliath dhorais na daonnachta
do osgail an t-iarla-sa.

7 A sith féin ní faighaibhter
d’eis na ccrioch do chreachlosgadh
mosgladh buar ar breacmhadain
comhairc luath ag leathnachadh
fóigfe crodh da cruinneachadh
boithre cloch go cneasshalach
nír theigh an leaba ar luighesdair
fa eallaigh a easccarad.

8 Fuaim gallstoc ag glaobhéiceadh
allghuth uaidh i n-uaimhphaircibh
coineallta is eóin d’enaontaidh
i ndeoigh do lann(sa) luathdháiligh
tug gniomh do chuilg caoillinigh
tuilg da bhriogh a mbuadhsaindibh.
lann arsaidh gan énfhiacail
ler chogain do chruadhmhaillibh.

9 Barr tuirsi ar thír tugabhair
do-ni an luisne leathnachadh
tú a-réir fa dhíon duilleabhair
d’éis na ccrioch do chreachlosgadh
bíd coin fhíata an oireachtuis
ar muin gríanchloch ngealchathrach
crios caonnaigh do chuireabhair
fa lios aoltuir t’esccarad.

10 A haithle a lúidh luathshocair
faithche múir ’na maoithithir
tú ar amaid eich oinseamhail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

dar chasais cleith ccaoilrighin
d'eis coingleac cleath ccruadharsaidh
teach go tuirseach taoibhfhrithir
do sgor sithe ag srofartaigh
dibridh crodh tre caoilslightibh.

11 Teachta an anma (f)uarais-[s]i
abhla feactha is fiarcholla
etha is eóin dot fhógra-sa
neóill ghartha et grianshrotha
na heiccsi as dot fhaidhibh-si
na cleirche na cliarsgola
a snaidhm festa fóirfi(r)-si
gor mheala th'ainm iarlochta.

12 Tír fán méthbhog maighreadha [87]
an mhín fhérach fhinngheal-sa
tolg da chleathaibh ceannchroma
donn sleamhain a slimleachta
toradh a tonn turchurtha
da ccorthur chum cinnteachta
ar iarlacht(a) nirbh intugtha
iasgach bhar n-inbher-sa.[s]

13 Sur crioch na slios siodhamhail
as díon d'f[h]ior ar f[h]iabhrasaibh
gan leath fa chliabh caoilfhiodhach
mes is iasg do iadhasdair
abhla 'sa ccinn crocharsaidh
re linn anma an iarla-soin.

14 Droighne dreasa daoldhatha
geala a droimne a dithreabha
maisi a gleann 'sa grianfhoithre
taisi a learg 'sa líghile
gach leath don fhód Eirni-si
mo-chean da ró an righi-si
gécca go ccnuas crochbhuidhe
tegar (do) cruach do chríchi-si.

15 Daimh ar culaibh caomhoirir
ag buirigh ar báinseachaibh
gotha cinn re caolshrothaibh
d'fhoghar binn ag bainealtoin
searbh fuaim crot ó chiarlonaibh
fa bhruachaibh port paircshleamain
faoidhe eóin an fhuinn Eirne-si
ag buing ceoil do chlairseachaibh.

16 Gairgbheich ósa grainphaircibh
a n-airrcheis ar fhianlaochaibh
dairghe ón mes 'na máothanaibh
breac sgairbhe fa sgiaththaobaibh
dath fola ar na fainriasgaibh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cna corcra ar na ciarchraobhaibh
tug nús eilte um iarnónaidh
drucht leirge ’na liathbhraonaibh.
17 Cnesghonta od ghleic geirreannaigh
béitt sethnacha siabhortha
is gáir ghola ón ghuasacht-sa
ag mnaibh crosda ciabhchorra
go sgur d’fheirg ui Eanna-sa [88]
cuir re a fheidhm ní hiarrata
badhbh ar ccosg a cciocrasa
nir ghlan arm an Iarla-sa.
18 Broidchoin is eóin atharmhoigh
cognaid feóil re a bhfaidfhiaclaibh
badhbh le rothart roidhiúlach
a lann corcra a ccaithcliathaibh
la an fheadhma od-chí caithfeinnidh
a shenga ar-ís aithiarraidh
da gha ghreanta í ghlasGaoidhil
ba bleachta do bhrainfhiachaibh.
19 ’Na lios bileach bairrghreanta
siliodh re slios seangchupa
ag míliidh fuinn fhionnMhacha
cuirnn shíthe ni sealbhnochta
roithes corm ’na chuirmtheach-san
ag sgoilteadh corn ccennchorcra.

408

Rug cosnamh ar chrích Midhe
[RIA 744 (A/v/2) ‘Dillon Duanaire’, 30a]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Rug cosnamh ar chrích Midhe
gíodh cían í fá ainbhfine
críoch sgathghlas Dhá Thí threasaigh
sgarfas í ré a bilgheasaibh.
2 ’Ná tráth táinic an chabhair
tar muir n-atmhuir n-árdchladhaigh
an bosghlan dá ttráigh thuile
do chosnamh chláir Chonuire.
3 Coiseónaidh an chríoch chearnach
triath Gailinne is Goisdealbhach
bas bheartamhra na ngníomh ngrod
ar shniomh neartchalma [námhad?].
4 Tríath Cuircneach nach crúaidh cridhe
coiseónaidh gort geilMhidhe
an balbhúadh as bleacht oineach
is ceart daghshlúagh Díolmaineach.
5 Tug leis a-le a Lunnuinn[s]

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ceart ar a thír thórunnuill
tríath go mbrígh áigh is anma
fá láimh rígh gan fhreasabhra.
6 Iomdha fáilte a ccrích Chonnacht
ré tríath na n-arm n-iodhonnocht
’s ag ríoghruidh imil fhóid Bhreagh
’s a n-innibh na ccóig ccóigeadh.
7 A-táid clíara chláir Chonnla
’s oirigh gacha healadhna
lán d’fhorbfháoilte ré a fholt tiogh
a ngort gormbhráointe Gaoidheal.
8 As mar sin tíre is tonna
’s gach ní eile eattorra
foirm néull is trágh fá thoradh
is glár éun dá fhíadhoghadh
9 A thoigheacht slán tar sáile
dhúinne as damhna lúthgháire
cráobh thromfháisghle fá ttil toil
ar dTomais-ne dil Díolmhain.
10 Ré tríath na mbruighean mbáinte
cuirim fiche fíorfháilte
cridhe nathardha ag sníomh sleagh
do dhíon athardha a aithreadh.
11 As mé ollamh a aicme [30b]
láoich bú truime tíodhlaicthe
íad sin bú robhádhach roinn
fir dob anárach oruinn.
12 Úa úirThiobóid ’s an íarla
árdfhlaith dénta deighríaghla
ar ndín-ne ar ccédghrádh ar cconn
an dédbhán sídhe súlchorr.
13 A ccoillín Fachtna fearrda
do-chífiom thrá ar ttighearna
do dheóin Dhé día ’na thosach
mar a mbía mé macnusach.
14 Dá roisiom don mhúr mheadhrach
bíam go suilbhir soimheanmnach
agum tháin armrúaidh oireach
a ndáil daghshlúaigh Díolmhaineach.
15 Forghla éigios fhuinn Fhuinidh
do-ghéubh róm san ríoghbhruighin
’s fear an tighe fá dhíol dhóibh
’s fíon dá ibhe go híarnóin.
16 Bú mór ttríath dá gach talmhain
san chúirt chruithghil chláramlaigh
cinn shlúaigh is íarluidhe ar n-eang
fa stúaigh ríanmhuidhe Ráoileann.
17 Bú hiomdha bhós san bhaile

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

láoch a n-earradh iorghaile
’s lucht dioghla um cheann gach coire
is ríoghna eang n-órroidhe.
18 Bú hiomdha réidhshleadh rúadhonn
siolgháir chrot is cháomhbhúabhall
fán bhfinn míonchlachuidh nár mheath
a bpríomhchathair chinn Chuircneach.
19 Bú hiomdha ré hucht nóna
lucht sgagtha cheasd ccanónda
a síodhbhrugh na séud seanta
’s tréud d’fhíorbhun na húaisleachta.
20 Is géill a ngeimhlibh gorma
ag teacht go flaith fiondChnódhbha
a ngioll ré ceart a chinidh
dar liom ní heacht aindlighidh.
21 Bú hiomdha fós dá bhráithribh
uime ’na chúirt chneasbhláithghil
orradh lé tóir do thromghoin
ag bronnadh óir d’ollamhnaibh.
22 Dúinn a n-ionadh a athar
Rí an bheatha dhá bhúanachadh
iona oighreacht ’gá mbíodh bárr
dár ndíon ar fhoirneart n-eachtrann.
23 Íar ttocht chugainn dár ccosnamh
go clár Uisnigh arosghlan
fán ccrích n-ealaigh na sál seang
ar slan fá fhearaibh Éireann.
24 Mar sin táinic eacht oile
Séusar na n-arm n-iubhloidhe
don Róimh dá cosnamh ar chách
tóir lér cosnadh a conách.
25 Tug cath tar ceann na Rómha
lé Poimp na reann róchródha
beart dár shín soin tar sáile
soir go tír na Teasáille.
26 Poimp don Teasáill go tuirmheach [31a]
leanaidh Séusar slúaghbhuidhneach
air do mháoidh flath na foghla
’s do shráoin an Cath Cathordha.
27 Lé Séusar na sleagh n-arsaigh
torchuir Poimp san phríomhchath-soin
lé a ghníomh éidigh ar fhud áigh
tug a héigin an Eattáil
28 Tug Séusar as sin a-mach
cosnamh ar Róimh na ríoghchlach
tríath dob inghill feadh foghla
ar inghrim fher n-allmhordha.
29 Coiseónaidh Séusar slúaigh Breagh

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

mar sin sealbha na sinnsior
beithir lonn chleathghlan chalma
do neamhthoil dhrong ndanardha.
30 Uíocont Goistealbhach gnúis shéimh
cíodh acht aithShéusar eiséin
lé díon a thíre ar thoghail
an ghríobh shídhe sheabhcomhuil.
31 Ionann chosnas ar cceann slúaigh
fúinn áoibhne átha seanLúai(th)[n]
’s na tolcha um Mhagh nEódh n-ealtach
ar ghleódh na ngal ngúaisbertach.
32 Bú lán gach dún do dheaghrath
ó tháinig tríath Goistealbhach
a ccrích Chodhuil cháoilshleagh ccáidh
ní homhuin d’áoinfhear éagcáir. Rug ...
33 Baintríath Ghoistealbhach gnúis náir
díol fáilte an bhannfhlaith [....]
ar ttoigheacht go clár Cuircneach
tar roineart sál sruthfhuilteach.
34 Banchara bocht is brughadh
óirchisde an áois ealadhna
máoiteach a clú ar gach conair
do chrú fáoiteach bflathamhuil.
35 Iomda cuire ag cur fáilte
ré a dreich lonnruigh líobháinte
do shlúagh cuirmthe chráoi Midhe
lé gnáoi uirthe d’áiridhe.
36 Ordhruic a meas eidir mhnáibh
inghill a húaisle a hanáir
rug an tsheang as séimh snidhe
geall ar cheill ’s ar chráibhthighe.

409

Samhail múir Teamhra a-tá i nUltaibh
[TCD 1363 (H.4.22) The ‘Seithfín’ Duanaire, 126]
[Deachnadh Mór, Brúilingeacht]

1 Samuil múir Temra a-ta a nUltuib
mar rath Temra ó tossaigh
acht munab é in tech-sa Temair
is é chena a chosmuil
do-chuala brudh mar an mbruighin
brugh na Cruachna a commaith
teghdhais channain na cuach n-arsaigh
’gár búan *qunáir ollaim.
2 Cinn tShleibhi (is) í nó [is í] a haithghein
féige in tighi ós toraib
cathair do chinn air gach cathraig

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Cinn Caradh a commaith
teghdhais Briain Boruma breithc[i]rt
órchlocha ’na horsain
a-tá ann-sud tech ós (na) tighib
is medh do Múr Shocraidh.

3 Sloindfid a[n] nech ’gá ta in tech-sin
mna fer da gradh gontair
fer an fuilt bunbuidhe bachlaig
Rugraidhe an ruisg mongaigh
a lán sa brugh corr-sain cuiridh
ó orrsain co horsain
cuirt bregh is fuaire ’na fledhaib
nech uaithi ní hobtair
is é bés a-ta ’con tech-sin
lan dá méd ní mothaig.

4 Long do-chuala ac Coin in clesruigh
a buadha a-nos nochtais
dob í an Iubrac a hainm bunaidh
in chairb siblach socraigh
mar do bi ’gon n-ordraig asdraigh
’ma cobhlaich ’na concaib
tighthi Uladh aga faicsin
don brug-sin ’na mbothaib.

5 In té ’gar togudh in tech-sin
m(h)ordhacht ina modhuib
fer [a]ga mbía in fód co froighib
tríath ’gan mó mes ollaim
le mac Ardghail dó clo cumaisg
le nghabthair tóis tochair
ni budh terc on cathraig cleithghil
fer achuir inn ossaigh.

6 Inmain tríath aga tá in tech-sin
lérbh ail gac iath d’fhoghail
do boing in goirmfíadh-so ar Ghallaib
Oirgíalla in fhuinn scothaigh
tir is foitreamlacht ’na fedaib
soininntacht ’na srothaib
fidhbaid cain ’mun clardearg cupaigh
fai lainbind ’gá lonaibh.

7 Tech Megh Mathgamna da mestur
ni hadhardha in obair
ler ós clár Oirghiall ’na eisgir
rath na ndon[n]sciath ndomain
Temair Breg a-ris a rachtaib
ar techt as tír tobraigh
mac Nualaithi lán sa lis-sin
lamh crúadhuighthi in chogaid.

8 Tech na clar is cupla cenguil

Roinn na Séimeag, Col. na Tríonóide, TCD

is lan sula socruid
méd in toighi ni thé[i]d tairis
croidi in te do thogaib
buighin brec echluath a nUltaib
beg gemcruach 'na glotain
bruighen blaith nachar ling lasair
a saith a cind Cobail.

9 Gan neart ar [a]n dhun-so ac dethaig
Tech na Cupi a commaith
an bruighin mín-si ac ua Eochaid
suas trithi do thogaib
nócor moigh tre eige in istaidh
in de-sin 'na dossaib (?)
cuirt mic Ardghail na n-ech n-amail
tech Carmaic nó a comaith
re bruigin comclugaig (?) cleithghil
Conqubair as cosm[uil].

10 In cuirt urrdhairc-si os gac istadh [127]
Rugraide in rúin shocraigh
bruigin fidhbudhbláith a nUltaib
*in[.]cob[.]ain a hobair
ní terc is a táth gan faicsin
clar geal clár mar chorcoir
san aelráith is airdi medhair
(i)s taidhbsi aenchlair orro.

11 Bruighin lannghorm na lig n-arsaigh
sigh na snadmann ndhocair
a[g] búain craeb n-ilbrec an istaigh
saer dá indtleacht osglaid
sreth bethadhach ar[in] bruighin
nach esbudhach obair
do chara craeb mín do meabaig
sáer as gach tir tograid.

12 Gres na fuinneog-so co faicter
a fuinneoga fosglaid
doim ara slesaib nó a s(h)amuil
coin is eachraidh orro
'na gres glic bu dorcha ar druinid
dobud colga ar chonairt
eoin na helta-sa gan eitil
ealtada is da hobair.

13 Gres ar gach comlaid don chathraigh
o orrsain co horrsain
mogna dearc gan drud dha fhethead
a neart rucc a roscaib
gach delb dar ben ar in mbruidin
nir ben ceard a commaith
maith slict a saoir ara slesaib

Roinn an Léinn, Col. na Tríonóide, TCD

da saor gurap soraid.

14 Do chuir a lan coir sa cathraig
rath do-choid os crocaib
da gabail deag fa do a-dearair (?)
'na ngres is mo moltair
sa bruig[in] bascrondaig bleidig
gan athobair orthaib (?)
a sgela in gach tir da tabair
tréana na tri hochtair.

15 Quirt is dimachte 'na deochaib
digainde 'na drolaib
tech gan imurcaidh gan esbaid
inollaim an opair
ni tug tolg a taob don tig-sin (?)
ni (?) borb gaoth na glotain
gein o gl[e]ic ria gaith n-erraigh
dlai don treibh ni thogaib.

16 Nech dan (?) truid in fuacht re froighid
fuacht a-muigh [do mhothaigh?]
tech ina fer cer ar qhupaib
ni [he?] [...] thonnaib
tithi trebraid ar an toig-sin
tegdais tshide tshocair
tighi(?) slat mbrec ar in mbruigin
pras do ben do bosaib.

17 Do ben sin a slai.. (?) fan frith- (?)
tig mur a-ta a hobair
[.....] acht ina toigidh
in brug slatach sochraid
tech n-aidhed [ni..catha na..]ail
nger figurta bfhos- (?)
a líne persead a pendaid
fá édead co horsain.

18 Legha logmura isna lannaib
órlanna ina [fh]ochair?
sreth choghna ar taoib don tig-[sin]
gaoi gorma 'na ngl[o]tain
cuirn (?) 'na mbroin cumdaig sa chatraig
urrscuir oir ro folaigh
sreth blaosc aga car tar chuthaib
fa lacht caor mar chorcoir.

19 Sa bruigin chomladhaig clethgil
comlasair do chlochaib
bró beann ar luas isa lis-sin
ar tos chuach ndearg ndomain
cum[d?....] leg [..] mur bad lasair
ced [.....sionad] solais
deocha dimsacha mur donnfh[uil?]

Roinn Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

don rigbrug-sa a rothaibh [128]
an faic[ti?] lan iman lis-sin
mur baili la log- (?).
20 A lan sa dun druim ri fraigidh
nachur much muirn ollaim
laich isin toig-sin o thundaib
re glaoid choiligh cotlaid
quirt a caitear croch le cur[?]aib
is mo caiteamh connaid
fin [f]innuar is mid 'ga macraid
dimbuan fid 'na fochair.
21 Do-béara (?) febus na fled-sin
gan cessacht ar cholcaid
tech a foigther ol is imbert
soich(t)[l]ech na slóigh sochraid
eich da craítheadh isin chathraig
da scailead ar scolaibh
gid aidbseach airem gac isdaid
dar airmes 'na fhochair.
22 Tec Meg Mathgamna is da maithes
géis slatbadba sochraidh
dop hi roga na treb Temair
teach ui Cholla a chosmhail. S. Muir T.

410

San Mhumhain as fhearr Ultaigh
[RIA 3 (23/L/17), 47a]
Mathghamain Ó hUiginn cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 San Mhumhain as f[h]err Ultuigh
mic ríogh go réim nguasuchtuigh
fian chomhramhach chruaidh nglan[s]
sluaigh ollbhladhach Uladh.[s]
2 Aicme Ír mhóir meic Míledh
síol Róigh na ráth ttirmlígheal
drem fá cubhuidh in gach ceim
san Mhumhuin is f[h]err iaid-séin.
3 Lé méd menman na mac ríogh
tréigther leó dia do dhimbríogh
foirne churadh chiabh ccúlchas
iath Uladh ar andúthchas.
4 Ógbhuidh fhial Emhna Macha
gluaisid só ar séan deghratha
fan ccrích rabhuigh bhférairdbhfinn
gabhuid gach énaird d'Éirinn.
5 Gabhuid Uluidh anba an greim
ar shliocht Chathaoir Mhóir mhéirsheing

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

oirer fóidshen bhainlerg Bhredh
a ccóigedh laimhdherg Laighen.
6 Laochruidh Uludh na n-arm nocht
gabhthar leó um Chruachuin Chonnocht
imle mhúir chladhabhluigh Chuinn
ar Ghabhanruigh dhuinn donuinn.
7 Triúr fialmac F(h)erghuis meic Róigh
trí laoich fá líonmhar ttionóil
trí taisdealuigh tolcha Bredh
gaisgedhuigh fromhtha féinnedh.
8 Ciar is Corc & Conmhac
croinn phailme a pór iodhanshlat
saoirealbha fhial na nglac nglan
triar mac chaoinMheadhbha Cruachan.
9 A dualghus Meidhbhe a máthar
leo fríth gá ferr saláthar
feronn oirechuis na nArt
seanfhonn chlaidhechuis Connacht.
10 Forghla Chonnacht na ccuan seng
gabhthar leo a los a n-airmrenn
fonn telaichréidh 'na fial fir
siar go leabhairchéibh Luimnigh.
11 Gluaisid [siar?] fá sén fortuil
cóir breith le beirt nguasochtuigh
téid an elta fhíorghlan fhial
ar echtra a míonmhadh Maicniadh.
12 Gabhthar leo um Luachair Dheghuidh
dúthchus fairseng foithremhuil
ar chlainn róithréin Éibhir fhinn
caithréim dar éirigh uirrim.
13 Clann Róigh le ráithter Uluidh
as iad so clann cConchubhuir
a leth chladhbháin mhóir Mhogha
slóigh as anbháil n-engnomha.
14 Gá ferr cert ag clainn Rosa [47b]
ó Chiar mhór mheic Ferghosa
gég thromghlan ó thráigh Bhaile
ó ndobhradh clár Ciarraidhe.
15 Croinn chubhra fhreimhe Rosa
aicme chéir clann Fherghosa
mic ríogh ó easchlár Uladh
síol cnesbhán na cConchubhar.
16 A nUlltuibh féin ní fríth linn
ní fuighthí a n-énaird d'Éirinn
Ulaidh as f[h]err ionaid sin
an drem ón Mhumhuin mhaighridh.
17 Ó nách fuil a n-iath Uludh
lorg chine ar Chonchubhur

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

dlíghidh maicne réidh Rosa
a ngeill d'aicme Fherghosa.

18 Cuaine an churuidh clann Fherghuis
fóir Emhna an fhuinn taithnemhghlais
iarsma slógh n-armghlan nEithne
mór adhbhar a n-uaisleighthe.

19 Branán déd chláir na ccuradh
snáth uama fhóid iarMhumhan
sgath an rioghshluaigh-si bhenn mBredh
drem as f[h]íoruaisle a n-aignedh.

20 Clanna Róigh na renn ccorcra
aca a-tá tús adhmholta
fedh mhoighe fíorghlan na bhFionn
ó rioghradh oile Éirionn.

21 Díobh na flatha is na filidh
fuair urruim gach éinchinidh
laoch[r]adh gargshaor chomhdadh ceall
is forg(h)ladh árdnaomh Éirenn.

22 Díobh Mo Chuda cenn na naomh
diobh Brénuinn na mbert bhfíorchaomh
dias frémhghlan dar comchóir cion
dá érlamh ghormchlair Ghaoidhiol.

23 Díobh Mac Coise fá mór mes
díobh tháinigh Tórna éiges
laoich na ngregh síodhollamh seng
da ríoghollamh fher nÉirenn.

24 D'Ulltuibh leith[e] móir Mogha
cenn oinigh is engnomha
gein bhuadha mheschlárshlat mhín
cuanna cnesbhánmac Cailcín.

25 Mór n-engnamh airmhid leabhair
mór ng[n]iomh suaithnidh soinemhail
do-chóidh a n-onóir d'Ultuibh
dóibh ní foláir iomarcuigh.

26 Lé rí(o)gh Uladh na n-ech seng
guala dhes áirdrígh Éirenn
ó bheithir bhionnfhocluigh Bhredh
d'iomorcuigh cheithir ccóigedh.

27 Rí Eamhna is aige do bhaoi
uinge dh'ór ar gach aonmhnaoi
fá iath ngoirmshen mbraonach mBredh
a n-aonach toinngheal Tailtenn.

28 Ordóg a n-aghaidh glaice [48a]
d'iúl chomhlán gach cronaice
fá thuluigh fhódghloin na bhFionn
Uluidh is ógbhoidh Éirionn.

29 Leo do connmhadh cuimhin lem
feacht mbliaghna d'aimhdheóin Eirenn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cliar na Fódla ó mhuir go muir
arna bfógra d'f[h]iadh Fhiontuin.
30 Congmhu[i]s Maol Chubha cléirech
trí bliaghna bert chaithréimech
sgol Bhanbha um chuinge cclochuir
tuille anma d'Ultochuibh.
31 Tar cruis áirdrígh innse Fáil
dá chéd dég dia do thromdháimh
gan daigréir don fhéinn Ultuigh
'na ccléir aimhréidh iomarcuigh.
32 Rug so re huaislibh Uladh
breith úghdar is ollamhan
fairche mhín na moighedh bfhionn
tar gach tír d'oirer Éirionn.
33 Breith mur so cian bhus cumhuin
téid le rígh chlann cConchubhuir
tar shlógh bfhaoiligh bhfer Mumhan
a laoidhibh fher n-eladhan.
34 Lugha ag cách re cian d'aimsir
teisd an tsluaigh fhéil Ultaigh-sin
geg abhla a crú na ccuradh
tarla a-nú dá nuadhughadh.
35 Triath Sionna na sreabh ttoruidh
Se[a]án cenn Ó cConchubhuir
clú an chaithleomhuin a clár Dor
do aithbheoghuidh ágh Uladh.
36 Minic thuilleas techt tarsa
plannda don phór Ultach-sa
cnes mur chaomhchubhar crú lán
crú na saorchuradh Se[a]án.
37 Gér lór d'uaisliogadh Ultach
clú a lámh no a n-ainm iomurcach
ag so fachuin uaisle as f[h]err
ag sgathuibh uaisle Éirenn.
38 Minic moltar san Mhumhuin
tre choghnach chlann cConbhubhuir
drem dhíoghaltach oirdherc fhionn
oirbhert fhíorUltach Éirionn.
39 Moltar cuingidh chlanna Róigh
moltar Ulltuigh 'na n-onóir
commoladh na saorshlógh seng
aonghlór ollomhan Éirenn.
40 Mac Onóra an fhuilt chladhuigh
uaislighthe chlann cConchubhuir
gnúis fhíorghlan uaislighthe a sen
gníomhradh guaisbhirthe Gaoidheal.
41 A Lunduin ger dháil ndecrach
fuair 'na leanbh ágh oirbhertach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

crioch daighshleachta an fherdha fhinn
sealbha a oighrechta a nÉirinn.
42 D’éis tuitmhe a ttres a shleachta [48b]
ó(n) bhfuair [a] ainm oighrechta
tiormoighther do bhrígh a bhert
an tír fhionnshroithmher oirecht.
43 Ní lamhann duine ar domhan
d’egla rígh chlann cConchobhar
lé nert faluidh na foghla
techt do *fhathuil etorra.
44 Tarla dho dia do chabhair
triath na Cairge Ó Conchabhair
cosg biodhbhadh as dal decra
do chlar fhionnghlan oirechta.
45 Dar leat a-tá le tréimhse
ar lucht fhoghla an oiléin-se
tír chormfhoirfe na ccuan ngeal
fordhoirche dhruagh dá dhíden.
46 Nó a-táid síodhuighe bhenn mBreadh
nó as fé fia a-tá ’na ttímcheal
oirer sriobhghlan na síth bhfionn
(tú) [do] dín ar fhionnmhadh Éirionn.
47 Ní trén faolchoin ’na fedhuibh
ná onchoin ’na hinnbheruibh
gan rian torathuir dá tuinn
riamh tar chladhachuigh Chriomhthuinn.
48 Lór ilphiasd dénta dochair
ní bhí a loch ná a lionnsrothaibh
fá chrích fhormghloin na ccolg nocht
ná lorg fhoghla[idh] a bhférghort.
49 Ní fé fia ní draoighecht druagh
a-tá a[g] caomhna a críoch mbennruadh
ferr berta ríogh ó Rosa
do dhíon decra a dhúthchosa.
50 Rath Se[a]áin na sluagh neimhneach
choisges díobh dáil fhoireighnech
fonn toruidh na ttirmriasg nglan
foghuil ilphiasd is foghladh.
51 Do b(h)ás leo lán do phudhair
gur fhás eighre Chonchubhair
feirde a thecht d’feithimh Ultach
an bheithir chert chosantach.
52 An t-onchú fiochuir faobhrach
leómhan lonn bheart mbiothbhaoghlach
gnúis daithgheal d(f)íon ó Rosa
an ghriobh chaithmher chródho-sa.
53 Guaisén seabhaic sléibhe Mis
eo Sionna na sreabh milis

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

bas ghlaicgheal cháigh do chosnamh
da maithter cóir a chomharsan. San ...

411

Sanntach sin, a cholann chriadh
[NLS Adv 72/1/49, 2v]
Text from NLS Adv 72/2/14, 27r used here to fill in gaps.
[Donnchadh] Mór Ó Dálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 [Suntach sin a cho]lann chríadh
olc do ghabhuis do gaillshrían
[ni ceart] do cong[m]uis do chuing
ar ttecht an Chorghuis chuguinn.
2 [A cholann-sa] ni fhuil ort
[snuadh] na háoine re toghart
[ginco domblasda] do dhál
ni chorgusda do chomhrádh.
3 [Mer do cheim as]do carc(h)air
uaibhrech gac each drochmharcuigh
[do senchosg is] nár a-nois
sal no echlasg ni fhúarai[s].
4 Olc thuigim inmhe m'anma [3r]
do techt as ar édtarbha
dúal tocht ar édtarbha ann
olc an chédadhbha an cholann.
5 A bhanfhalmaire bhrégach
créd fár imris h'aithedac
nior dhúthruig tú an lumuinn luim
umuinn a thr[ú? na torainn].
6 Mur chuinghim íairmhéirghi ort
deireadh oidhche re hadhart
do sboradh thall ar gac táoibh
a bhodhar dhall as díomháoin.
7 Díomháoin damh ar dhailes duit
d'aisgedhuibh óir is arguid
maith do chuid don bhréig a-bhus
ni théid duit acht ar dhíomus.
8 Olc do chongmhuis cenn do shréin
meisdi droichbhen a deigréir
léig dhamh-sa an srían gac re seal
od-chíam as fallsa [t'aigneadh].
9 Aingiol misi ar magh nimhe
edt[romm solus seimhidhe]
tusa an cep talmhaidhe trom
as arnuidh[e do iocsum?].
10 Cía súd san ccroich os do chionn
go mbruinn[e?] solus [saorsliom]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

gus an rosg mall nglas ngrádhach
gus an mbarr [ccas currchanach].
11 Énmhac Dé athar fhuil ann
an ccúaladhuis [a?] cholann
an slios rúadh isin reng bhog
truagh [lem gan] a fhios [agad].
12 Féch an táobh grádhach gonta
féch ar an mbonn [mbarr?chorcra]
déna fhrais dér 'na dheghaidh
féch ar an mbais bhairrle[abhair].
13 Fáisg na bosa búail an t-ucht
déna [eirgi dod t'adhurt]
cuimhnigh thír tulach na sgath
a mb[im? go subhach santach]. Sanntach ...

412

Saor an cineadh Clann Onchon
[RIA 936 (C/vi/1), 54]
Mathgamhain Úa Duibhgionnán cecinit
[Deibhí, Dán Díreach for the most part]

1 Sáor an cinedh Clann Onchon
drong mhergedh *no móronchon
sluagh séimh^{r} nar thubhadh a ttres
lér gabadh^{r} rún^{r} a mbraithreas.^{a}
2 Clann as cródha ac cosnamh chrú(a)idh
do hsíol F[h]ergusa úasail
a nglor ní faghthar ag féin
slo(i)gh nach lamhtar do laochbhéim.
3 Clann *Fhergusa nar ér filidh
aicme dhédla an dagdhlighidh
*flatha gan fheall gan fhionghail(l)
geall aca ann gach áoniorghail(l).
4 Gér láochdha clann Fherghais fhéil
fá íath Banbha an bhuird bhlá[i]threidh
do chin Conmhac le creachaibh
an bhorbshlat^{r} dá bhráthrechaibh.
5 Ge uasal clann Chonmaic caoimh
le(na) n-áiredh uile d'éntáoibh
(rig)clann Onchon a ngeall ar ghairt
drem go mborrfadh 's go mbeódhacht.
6 Clann Onchon a híath Uladh
inneósad gan urrdhubhadh
slighe do-bhera fa bhail
freama fine na bhfer-sin.
7 Triar mac ba cródha cinedh
nar fhaomh aca aindligheadh
ba soinmhech^{r} a sómhenma soin^{s}

Royal Irish Academy, Col. na Tíonóide, TCD

do chloinn[r] oire[gh]dha Onchon.

8 Anmanna an tríair ba trén agh
an t-arsidh(e) láomdha Lúachán
gléire ar nar cinneadh a ccath
Neidhe as Filleadh feadhmach.

9 Seiser sáor ag nar bhuan ba
do cloinn ag Néidhe niamhdhá
gach dligheadh ag súr na slat
cinedh úr ag gach áonmhac.

10 Anmanna (n)a mac gan meabhuil
foillseóchad da bhfinedhaibh
sáor 'ga togha at-cíam a chlú
Maol Tola fíal as Fáolchú.

11 Finghín Finneallach fleadhmhar
Máol Fithrigh na bhfinnearlamh
tríath gan *dimbrígh ba glan groidh
*Fíabhuidhe nar ghabh o Ghallaibh.

12 O Fiodhbaidh gunntaibh (?) nia [55]
ro ghein clann Mordha Mhaicnia
caomhchor nacar ghann fá ghroidh
as clann [Fh]áolchon ó [Fh]aolchoin.

13 O Máol Tola ba gér ga
Uí Bháiteir chaim (i)s Uí Chorra
in ghléire do thogh gan treas
ba gar da ceile a ccairdeas.

14 Síol Maoil Fhithrigh fherrdha[s]
Ó Maol F[h]ithrigh oirea[gh]dha
nior cáineadh an chuing ór chin
's do thuill áiremh o éigsibh.

15 Síol bhFinneallaig[h] ba teó treas
clann Fhearmhuighe na n-iomhchleas
do chair gleó ccomhlann do cur
doghrang leó nachar locadh.

16 Fínghin mac budh mo meanma
don fhoirinn (e)óig fhinnfherrdha
craobslat nach ceiseadh ar cradh
an seisedh saormac sulchar.

17 Ua Clann Gearagain go ngádh
's muinter ghéagda Giollagain
'na ngleólasair go ngalaibh
eólasaigh as anghalaidh.

18 Filleadh mac Onchon gég gheal
aonmac aige re áiredh
cenn Liamhna nar thraoth talach (?)
an laoch níamdha Naradhach.

19 Sé mic Naradhaigh nertmhair
do-nid(h) airgne ar oirechtaib
ní holc na sgéla ag ár sgoil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

freamha nár dhocht um dhúasaibh.

20 Rodaigh as Torma trén
Duinchin as Aillbhe armgher
Cú Cholaigh (?) as Molt ar muidh
ro fhalaigh corp re crechtghuin.

21 O ainm gach mic gan mheabhail
comshloinnter a ccinedhuidh
gléire seang go sochioll sain
dream gan doichioll re damaibh.

22 Clann Néidhe as Fillidh na bhfleadh
ó thugas tres da thuireamh
a lúadhágh budh grinn a ghath
Lúachan as linn do labhradh.

23 Días mac nachar imghabh ágh [56]
'gon arrsaidh áosda ag Lúachán
Fionn as Dubh nachar dháor ceall
da chur nachar fháomh áonfheall.

24 Clann Duibh gan sógh le sleadhaibh
rer cosnadh a ccineadha[ibh]
nidh bhuigheadh[r] ag tríall om thigh
tríar dhá chúig (?) gach cine[i]dh.[s]

25 Muinechan Máol Sámhthuinn séimh
Cíanagan ba binn bláthréidh
Máolacán as tredhma 'na thoigh
dar dearbhadh[r] áoibh[r] gach eolaigh.

26 Bathbharr braice gan brón[s]
Irolb is dámhach dúaismhór
Sedhpa do throeth a lán
'sa[n] *láodh géagdha Gábh(a)dhán.

27 Eadhartán nar dhiúlt re dáimh
Máol Mhocheirgidh go mór bháidh
iad nír cri[o](n)n(e)adh 'nar ccairt-ne
le síoladh a sáormhaicne.

28 Aicme gach mic nar ér fear
fuair ó a sinnsior a sloinneadh
ag síoladh na slat bá suim
níor díobhadh mac don morchloinn.

29 Mac d'Finn Maoilgeann go menmain
ba cosgrach le ceatharnaibh
cuire breathghlan do ghlac geall
is cea(r)th[r]ar mac ag Máoilghenn.

30 Tormadán Cúdhgan gan chrádh
Maol Padraig Cailte corpnár
a ngáol do-bhéara fá bhladh
saor a sgéla le sgannradh.

31 Cailte mac do Mháoilghenn mhór
uadh Uí Cailte gan cláochlódh
fa áoibh fágmáoid a ngniomh gar

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

is síol Mao[i]l Pattraig na ppobal.

32 Cóig meic ag Tormadan trén
Maol Mháodhog as Máol Finnén
Maruidhe dar chláon gach *cleath
Tanaidhe cáo(i)mh is an Cléirech.

33 *Úaruisge mac nachar imghabh ágh
go nersaidhe laomdha ag Luachán
Dubh nachar dháor ceall[s]
da chur nachar fháomh áoinfheall.

34 Giolla Síonaidh re sódh sleadh
Cubuidhe ba hard eireamh
gach dligheadh ba data daibh
da chineadh aca d'énláimh.

35 Do shíol Tormadain na ttres [57]
trí téallaighi nar tuirmhes
teallach Cléirigh nar cháin fear
dáil for éirigh a n-áireadh.

36 Teallach Tánuidhe an táoibh ghil
teallach Máoil F[h]innéin úassail
tren do dhligh ag clí an cuire
ag sin na trí teallaighe.

37 Ocht meic ag Cúadhgán gan chrádh
Duban cneisgeal as Cáomhan
tug gach ráon deisi duibh[s]
gáol gach deisi san deabhaidh.

38 Maol Fhábhuill slúagadh slán
Cerr Cíabhan cúl re casan
Cobhtach budh garbh re guin[s]
(ba) fromhtach a arm a n-iorghail.

39 Ger mhaith gach mac don cloinn caoimh
arna síoladh go snúadh áoibh
rug Orchaidh an *gioll ar ghoil
do chumhta[ibh] gan cenn cunnraidh.

40 O Orchaidh dar bhuidheach bá(i)rd
go Tumultach na ttrenarm
cuir[f]e[d]-sa sgéala ag sgoil[s]
a-déra uile gan easbaidh.[s]

41 Orchaidh as Cosgrach cnedhach
Failbhe as Fionnchú fionnfhleadhach
Orchaidh as Maol Dúin do druing
darbh úir gach cráobh don ccrobhaing.

42 Flann as Diarmaid cur crechach
Suthain Díarmaid daighbheartach[r]
Día do chruthaigh caomh an chlann
agas Suthain sáor súlmhall.

43 Mac na hóige búan a bhreath
*Fearghal ba trén a ttacraibh
sgéal ar [a] eangnamh ní bhfuil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

Feargal budh trén a ttacraibh.
44 Mac na hoídche traoitheadh trén
Feargal dar bhuidheach brainn(é)in
Domhnall budh láochdha ar gach leith
'na ccomhlann bhfráochdha bh[f]uilidh.
45 Mac do Dhomhnall bá gér goil
Tumultach nach búan bíodhbaidh
óigfher réidh suirgech sot(h)la
lén cuimhneach ceim crodhachta.
46 Dúal dó cródhacht ag cur cath [58]
Mac Orchaidh nach ob áonrath
snúadh as mo réide rinde
dual dó féile as farsinge.
47 Síol Fherghusa as crúaidhe céim
buannada uaisle íad-séin
ní dhamhsad codhnach[r] fa cheann
gur ghabhsad urbhór[r] Eirionn.
48 Clanna Rúairc mhóir go menmain
a-taid fa a cceibh gcladhérlaigh
a méin as glan on call (?) cuir
'na ndruing nar ghabh ó Ghallaibh.
49 Gaiscead[h] Conmaic im cenn ccrech
a-tá san óigfher fuileach
oinech shíol Fheargna fleadhaigh
fa ghrib ferda [a]irmleabhair.
50 Cródha do chosain a ccríoch
clann Orchaidh nar ob e(a)isíoth
mor tres tug fa ffúair folaidh (?)
go rug búaidh ó a biodhbadh(e)[aibh].
51 Ceinel Luacháin na ngort nglas
soirbh do céim a cennais[s]
fuair a trén cháin sa cumha
agas seún aigh as engnamha.
52 Failteach a fiodhbadh 'sa fonn
ris an seng ndéadla ndrechchorr
óigfher iongantach[r] na ngrúa(i)dh nglan[s]
fáoilteach[r] a cúan 's a caladh.
53 Blath ag búiredh da bhais ghil
gan tacha eisg a n-aibhnibh
mur do traigh a falc fleachaidh
do laidh lacht 'na loilghechaibh.
54 Tagaid(h) 'na dhíaidh dá ghnúis ghloin
tairthe troma tre thalmhain
a lúas do *bheabaidh go mear
cnúas a fedhaibh ag faisgedh.
55 Fuair ar chródhacht im chenn cru(a)idh
orraim ngaisgidh is ngniomraidh
oigfher seng as dealbhglan dreach

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

geall ar engnamh ’s ar oinech.
56 Coimdhes da chois ag cur crann [59]
an míliidh socraidh súlmhall
cuis far leath búaidh a bhlaidhe
’s do each a n-úair iorgaile.
57 Mac mhic Fheargail adhaidh réidh
ó éiges níor thuill toibhéim
laoch fa bhúaidh ag coimhleim creach
nach bfhúair oilbeim ’na [e]ineach.
58 Mág Orchaidh nach gcoigleann crodh
mac Domnaill díchor bíodhbadh
triath do chabhair cead re ga
na tabhair a sedh siansa. Saor ...
59 Saor a núachar da ghnuis ghloin
inghion bhrighmhar Mheig Bhrádaigh
fuair le féile im cenn cruid
geall ar réi(gh)dhe ó[na] riognaibh.
60 Fuair Raghnailt ó ttéid ’na teach
geall ar áoibh as ar oineach
géis cumhraidhe ag nach búan ba
snúadh as urloim(d)he almsa. Sáor ...

413

Saor mise, a Mhic an Dúilimh
[NLS Adv 72/2/14, 27v]
An fer ceadna .i. Fergal(l) Og Mac an Baird cecinit
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Saor misi a Mhic an Duilimh
tighi róid fhuinn fhionnLogha
móid í Chuinn a gcomhladha.

17 Gnáth leis díol ré deighferuibh
do Brian do-bheir baramhuil
nírbh é dóigh mhúir Muredaigh
ar Bhúill madh áil anamhain

18 D'fer th'anma da shíorghnáthaigh
Banbha ní bean rédhnuachair
crodh cáigh ar do chiúinbhréithir (?)
ar gcor an áigh d'enbhuchuil.

19 Ceó ar dho bloidh nír brethnaigheadh
ní fhuil ceó le gceilfidhior
gríos th'oinigh ag athghlanadh
mar bhíos doighir dheightheinedh.

20 Geill caigh réd chois cenguilter
tar chrois an chláir Chonnachtuigh
ní ró acht ainm dot iomurcaidh
a ló an chairn do Chonnachtuibh.

21 Sloigh Cruachna is íad inshiobhail
síad ret fhuagra ag anamain
tug snaidm ar [sí]ol Muredaigh
ag gairm ríogh nach rabhabhair.

22 Nós iongnadh ag áoidhedhaib[h] [620]
más cóir diomdha ar dháilemhain
geall cáigh ag crú ríoghLugaidh
gíodh clú dháibh ar dháiliobhair.

23 Ní cuirt súd is sobháthaidh
do *chert ar chuig deighíathaibh
denamh righ ort d'ainfhíachuibh
do locht ar shíl sheinFiachaidh.

24 Tú ag díon do ghég ngeiniolaigh
mar ghéig fá dhíon duilliobhair
ced crúais ag crú Muredaigh
gúais dá gclú do chuiriobhair.

25 Úait síos a-tá an tigerna

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

fá mbíd cách ag comhumhla
fada ó fuair trí togharma
rí do-chúaidh led chomhardha.
26 Líon corma ar gach corrthulaigh
gé bhíos comhgha i gcuirmthighibh
sibh an uair dob ionchuiridh
úaibh i ttigh ní tuillfidhir.
27 Síol gCréidhi on Bháoill binnealtaigh
éinfher dhíobh ní diommoltair
díon béime an chláir Chonnachtuigh
a ndáil t'fhéile dh'iomarcaidh.
28 Fóir Chrúachan d'éis th'oileamhna
úamhan d'éicsibh deaghullmha
lucht eagna ó thoigh thogharma
a moigh d'eagla h'ealadhna.
29 Tú as rí do f[h]reimh Feradhaigh
d'éis na gcríoch do chomhfhogail
fir íartha mhná Mhuredaigh
lá clíachda fád chomhaduibh.
30 Fáth reactha do ríoghtha-sa
bláth ar fhedhuibh urchasa
sibh ar tí an chláir Crúachna-sa
gach rí a ndáil an duthchasa.
31 Gabhtur ar úir íaranna
fúibh ós clethuibh cnódhonna
fágbhaid barr cráobh ciúinfhionna
don táobh thall do thoronna.
32 Gan egla an úir úaigneasa
úaidh a bfedaibh fódghlasa
gabhal fá cráoibh cédmhéasa
fan mBáoill d'om[an] (?) t'[fh]ógru-sa.
33 Rod saor úait gach énchonair [621]
ní guais táobh da ttríallfaidher
cía an táin do gheabh gnáithshligidh
cain ar fer na f(h)iarfaighe[i]dh.
34 Ar chuiltibh chloch n-ómrada
sgol a t[u]ighi[.....]
fúair fáilti ag freimh Díarmada
cáinti nach éir d'éinleaba.
35 Ól corma gur críochnaigeadh
folchaidh (?) róid na ráthmhuigeadh
Brian fá fhíon ni hiarrfaider
gan líon glíadh do ghnathmurer.
36 Gar tád do mhuigh Muredaigh
do sguir cách da gcomhfhalaidh
lucht adhbhair fhóid Feradhaigh
d'armuibh ar chóig comhadhuibh.
37 Líon glíadh ón Bhúill bhailbheasaigh

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

crioch ’na ndíaidh fa dhonnlasuir
réidh acht a n-am imriosain
fá réir an chlann Chonnla-sain.

38 Ni docra díol deighfhéichimh
comhtha na gcríoch cruinneóchaidh
créd teasda ó shiol sheinFhíachaidh
ag síodh feasda fuireóchaidh.

39 Rug d’áoinleith an iomáin-si
Gáoidhil tug fá thromsháoirsi
tearc fíadh ’na bfuil aindísli
Brían do chuir an chomáoin-si. Síol ...

428

Síon choitcheann cumhadh Ghaoidheal
[RIA 2 (23/F/16), ‘O’Gara’, 2]
Cormac úa hIgginn mac an Ghiolla Coluim .i. marbne Ui Conchubhar Shlíghi .i. Donnchaid mic Cathuil Óig.
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Síon choitcheann cumhadh Gháoidhil
luisni is leithne cráobhsgáoileadh
fa mhagh bfhoirleathan na bFhionn
do ghabh coimhshreatha[dh] coitchionn.

2 Sníomh na nGáoidheal-sa guirt Bhreadh
an ghrían mur gabhus timcheal
do choimhshiobhlaigh ceann a gceann
gach beann d’oiriormhuigh Eireand.

3 Ní heasghar ón héidir teacht
cáoinedh cáich uile a n-é(a)infheacht
ní tús fromhtha acht foirc(h)eann leóin
orchra coitcheann gach c[e]in[e]oil.

4 Bás Uí Conchabhair Chairbre
creidhim nach cailg áonairde
do shráonmhuigh(e) an treabhlaid tinn
nar dhearmuid áonmhuigh d’Éirinn.

5 Ní díoth duine tar dháoinibh
íarsma fola fionnGháoidhil
ní héag neich is oire and
ni croidhe ar leth ro-s leónand.

6 Ionann cháoineas a chara
’s a bhíodhba(idh) bás Donnchadha
on té le ttuigthear a nimh
ní he guilter acht Gaoidhil.

7 Bathadh Gáoidheal ghuirt Laghaidh
do bhí ar bhás Ui Concabhair
ré dibh[dh]agh deirigh an smáil
fíorghar don teinigh teasdail.

8 Éag onchon Easa Dara

Roinn Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

ceann uidhe gach easbhadha
orchradha oirir na bFhionn
oighidh Donnchadh[a] a ndi(o)ghionn.
9 Ní heasbaidh áonláoi idir
oighidh flatha finnShlig(h)idh
ginfidh ní nár nocht da nimh
bus olc don tí nar tuismedh.
10 Cáoinfid(h) foirne a bfhad a-nonn
deredh Gáoidhil ghuirt Fhremonn
a mhaircc nach ne(a)imhnidhe a-niogh
cailg gach de(a)rbhfhine a ndeiriodh.
11 Cáoinid(h) a-niogh treóin & trúaigh
cáoinid(h) na huile a n-éanúair
an ceathardhúil cáoinidh linn
aoibhil eatharmhúir Oili(o)ll.
12 Do cheangladar cumaidh bhróin [3]
airdreannaidh fhiochdha an áitheóir
na muige túir na tonna
's an uile dhúil dhomhanda.
13 Ruithne grianda na goile
breachtradh na mbláth ttalmuidhe
fa dláoi an [d]oircheárraidh ar ndul
ar áoi coimhceang(h)ail cumhad[h].
14 Ionann cháoined cleath [Li]ne
buiredh na bpiasd muiridhe
bérla imshniomhach na n-éan
érma ilgníomhach a-éar.
15 A dháoine a dúile balbha
a cheathra clair fionnBhanbha
truime 'sa chách bur gcaoine
uille d'fáth bur n-eagc(h)áoine.
16 Cía an dúil do doille tuigse
nar thuig dioth an Donnchaidh-si
cía an croidhe nar chailg a ne(a)imh
ca maircc oile nar fhoiligh.
17 Bíoth nar éagc(h)áointe ar áoi féin
bás eigne Easa Coiléin
doilgheas do budh cóir fa a cheann
ar choimhleas cáigh a gcoitcheann.
18 Táraidh d'fhe[i]theamh na n-oir[e]acht
docroidhe & de(a)óradhacht
dar thúill a smúaineachadh soin
do(i) dhruim duaibheatha[dh] Donnchaidh.
19 Beag súim ar son a dheacra
fríoth leis go lá a imtteachta
tarla da socraide o shoin
tarbha docroidhe Donnch(adh)aidh
20 An beach chuiris cúairt leabhair

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

fa chiomsaibh bfheadh bfhoithreamhuil
da hadhbha gidh be do-bheir
ní hé a tharbha ge thairseigh.
21 An damh go nd(h)ithcheall ttreabha[idh]
cnáoitear fa chuing n-oibreamhuil
ag cách tar cheann [a] dhocra
is gnáth earr a f[h]oghanta.
22 An ghéag dar goire sgothadh
bhíos a cnúas na créachtothar
acht comhghar an té len toil
ní le(dh) foghnamh a húalaigh.
23 Amhlaidh sin is sníomh croidhe
sáothar slaite Callraidhe
mur tárla uadh a n-aisgidh
duagh gan tarbha tarr[a]isdir.
24 Úalach nach bfhúair a thoradh
do iomchuir dar n-an(fh)ocal
ní bfhúair sé acht sníomh gan tarbha
gan díon é gan athordha.
25 Fúair go foirceann a re(a)imhis
sníomh Aengheas mic Aine(a)icis
tarla d'ursan fhuinn Meadhbha
cuing cosmhuil a chinneamhna.
26 Dar ádhnadh ar eacht oile
cogadh fa chúis eolchoire
Troigh[i]anaigh le gcuirthe cath
is tuirthe goirmfhialaidh Gregach.
27 Tinolaid(h) d'éis ar-oile
ar mhair da áois ionmhuine
no gur coimhlean *díreamh dhe
d'fhír(r)eir[r] fhoirneadh na hairgne.
28 Naisgid(h) re chéile a gcora
tugsad d'Aeneas áonlugha
ráoin glíadhcatha do léim leis
gan réir triathfhlatha tairreis.
29 A dée a-dubhradar ris
nach bfhuigheadh orláimh flaithis
go ttoirnedh lé trén láimhe
sén fhoirneadh na hEadaille.
30 Mac Ai-niceis nathadh slúaidh
freagras an aibhéis n-ionnfhuair
loingsidh ler áit[h]aid[h] gach fiagh
o chathair thoirsigh Thro-ian.
31 Gach gúasacht tíre tarraidh
gach eigiontus iombathaidh
gach ro dúaigh ga ttamuid daibh
ranig íar n-úair an Eattail.
32 Ní cúmhang a chur a ccéil

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

gach gleó tug fan ttír n-aigmheil
gach treas da ttáireadh impe
beas dom aireamh eigcinnte.
33 Gidh edh gerb fhada an treimsí
do bháoi ag troid 'na timcheill-si
dob é a chríoch so íar sealadh
an chríoch do gur disleadhadh.
34 Súil frioth leis lúach a dhochair
fúair bás 'na bhás gleóthoc[h]air
iar ttearnomh o ghaisdibh gliadh
eanbun taisdil na tTró-ian.
35 Beatha & bás an chéidfhir
beag leaghthar da leitheidibh
tarla rinn ar séd samhail
ar n-ég chinn O cConchubhair.
36 Gan lot áirm gan f[h]eidhm ndocrach
bás Áeneas gerbh iongontach
ar chor nach diomolta a dhul
ionganta dul do Donnchadh.
37 Oighidh láoich a léirg chosgair
íongnadh nach eadh tarrosdair
no éug do chroilighe a chneadh
do shéd móirfhine Míleadh.
38 Níor cheisd ar Choimhsigh nimhe
a bhreith ar bhás n-aithridhe
gé madh gnás d'aighleannaibh áigh
bás le hairmreannaibh d'fhaghail.
39 Athach an áosa cádhais
guidhe núadh gach naomhárais
dob e(a)ittiogh fan uaidh-sin Taidhg(h)
a nguais[d]ibh n-e(a)gion n-iomairg.
40 Bioth go bfhúair an t-éug a am
mor fhlath ar sloidhedh sáorchlann
do fhill gan fíordheargadh fair
a rinn toinnleargan tochair.
41 Mór máidhm & malairt tachair [4]
tarruidh úa Cuinn Cheadchathaigh
bheth ag cuimhne na ttreas ttiogh
beas is doilghe ina a ndioghoil.[r]
42 Dob oile an úir ar fholaigh
aitheas chinn O gConcabhair
do mionríomh a mic Cathail
no reic t-iolghníomh n-anachain
43 Do mhuchsad a mac samhla
lucht an Chatha Cathardha
a bfhad thall nach tiosadh te
griosadh a chlann re a chéile.
44 A ua Taidhgh is tríd dleagh(th)ar

Roinnt Léinn, Col. na Tríonóide, TCD

gan t’aitheasa d’fhoillseaghadh
teacht tríotha cia ar nac ccuirfedh
dia an fhioc[h]a do adhainfedh.
Cúis eile d’falach do chean
nach fuasgladh anma d’aireamh
b[h]úr síorfhoghu(i)l ga ttás dí
gur fhás *díobhlogha dísi. Sion ...

429

Sir go luath liaigh h’anma
[RIA 8 (24/L/6), 31]
{Aonghus na Diadhachta/Donnchadh Mór Ó Dálaigh}
[Deibhí, Dán Díreach]

Sir go luath liaig h’anma[s]
dá sirir sealbh h’athardha
féaduig sé h’aithrígh ód(h) olc
dá mbé h’aithrighe réd th’furtocht.[s]
*Adhuine do chionnta ó chroidhe
go seicréideach simplíghe
nocht do choir go nocht náireach
*go *doilg ré gol gearánach.
Bíodh t’fhaoisdin go gnáthach glan
luath láidir úmhal ollamh
bíodh síor lé (b)tionnghradh toile
bíodh go hiomlán eag(h)noidhe.
Dod chonfeasóir cuir a suim
nua[i]r a-taoi claon réd choluinn
cuir bac ara saobhuaill sin
ní leat aonuair don aimsir. Sir g...

430

Sláiníoc ár gcabhra crú Dé
[RIA 20 (23/M/30), 447]
An fer cédna cecinit
[Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith cc. (446)]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

Sláinic ár ccabhra crú Dé
slainnte duinn do dheárlaic sí
tug dár maicne dedhfhios Dé
leighios na sé n-aicme í.
An deoir as saoire dár shil[a]
mó ná gach maoine ’sa mair (?)
bheith gan lógh uaim-si ’na fhuil
mór do chuir an uaisle air.
Tar gach uile dhóbheart duinn
níorbh fiú an uile a thoigheacht trinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ós do mhaithiomh chean do-chóidh
cóir do maithedh cnedh an chígh.
4 Cló maol ní chronuig dá chur
ní chlaon ní chorruig a tho(i)l
tar cheann tinne na ttrí mbear
do gh[e]abh rí(gh) sinne ara son.
5 Urra ré síodh na sé sluagh [448]
cíoch Dé lér gabadh ár ngaol
ní gar nár cheangail a cíogh
síodh do cheannaig damh go daor.
6 An éigion ár ccabhra a coir
da gach aoinfher tárla a thail
maith do ro(i)nn t'oigh[i]r(e) a fhuil
do luig trom an oinicc air.
7 Sé a ccroich trém cheanaibh ag caoi
'na chrois ar beraibh do bhí
móide as ómha[i]n doilge Dé
gur fhoilig sé oirn-ne í.
8 A ghrás a ghaol as an Ógh
nochar aomh a ccla[dh] ar ccúl
d[o] fágaibh tiomna Dé ar ndíon
gib é as díol 'na dhíomdha du(i)nn.
9 Mo shiúr-sa ag guídhe ara glú[i]n
ag stiúradh gach duine dhinn
a-tá a clann 'na hoire ar Ó[i]gh
dá ghoire dhóibh crann an chígh.
10 Ógh lánghlan as líonmhar gnaoi
Róimh na miorbhal máthair Dé
dá theinne ara hoigh[i]r(e) í
teinne dhí dá oíghidh é.
11 Éidedh grás fá seach fá sia[i]r
cás nárbh féider breith a bua[i]dh
beag an t-iongna[dh] í 'na hóigh
sí róimh agá hionnramh uaibh.
12 Siúr is gaolmhuire ré a gaol
is fiú ar ngaolbhuime tré ghradh
gíodh béith í réd cheart do chló[dh]
níor chleacht an Ógh ní *beag nár.
13 Do daonnacht do dhúthracht graidh
as í an úmhlacht bhaoghlach bhúidh
an lá do dáiledh crú an chígh
tú ad rígh 's ad dháiliomh duinn.
14 Do fhuaighis *m'aicne réd h'iocht
a haithle a bhfuarais dá n-ulc
do chlaon an *chroidhe lém chert
ag teacht don taoibh eile ad h'ucht.
15 A Athair do dhealbh gach dúil
gé tá t'fearg ar aghainnt uainn

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

más díol ad th'oigh[i]r(e) dob áil
gá brígh dhaibh an oighidh f[h]uair.
16 Tusa as tós 's as deredh dhóibh
's as tú fós breithiomh ár rúin
ní raibh[e] béim a ccionn cháich
nár léir ag dáil do lionn lúidh.
17 Do chreid tú do theacht ón uaig
do chreid t'fert ó iúl an fháidh
diongna an geall as usa dóigh
tusa do-chóidh a cceann cháich.
18 Róid chorcra na [gcóig?] ccnedh nglan
na chóig shlighte ón docair dul
slighte tiorma na *ccuig ccnedh
[na] róid tré a ng[e]abh bíodhba ad bhrugh.
19 Tú as oighre 's as athair dhóibh [449]
múch mo dhoilge a dhalta an tsaoir
gebé hoile as anáir d'óigh
ní foláir dóibh goire an ghaoil.
20 Go ttí ag folach a bhfuil roinn
do thoil dár ttabhairt ad dháil
níor dhearmuid sibh í san uaig[h]
ag sin buaidh do bhí ar an mbáidh.
21 Saoraidh mé ón chunntus chaol
ar dhéirc a Dhúilimh na ndúl
mairg ar a mbéaradh breath ríogh
dá mbeith gan síth do dhéanamh duinn.[s]
22 As fiú an mac 's a mháthair mhór
fá a ttail gé támuid go fuar
ní fríth acht lé foghar rígh
síodh a ndíol a fhola[dh] uaidh.
23 Teachta Dé lé snadhma[dh] sí(o)dh
is ar chabhra na sé slóigh
ráinig a láimh dhaingin duinn
ar ndáil rúin an aingil d'óigh.
24 Lé truime a chúmha dá chaoi
an chruinne budh cumhang lé
bíth gur shaor an óighidh í
níor aomh sí dá hoighir é.
25 Cnú go n-eithne ccúbhra a clí
fiú a húmhla a léigther lé
ár n-iarraidh as dána dhí
as í d'fiaghuin dála Dé.
26 Do ró thoile a mic a-mháin
ró goime lé seirc 'nár siair
biodh gan dul lé a hoighre a n-uaig
fuair cor is doilge 'na dhiaigh.
27 Fiú a bhfuair do dheacra ina dhiaigh
fiú a heachtra ar an uaig go nóin

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ní hiongna lé *coimirce cháich
ós é as dáil ’na hoighre ag óigh.
28 As beartha a bhuídhe a mbeith roinn
guídhe Mhuire ’s a mic uainn
tar a bhfuil do dhocru am dhíon
is díol goin an ochta uaim.
29 Ar mbronnadh síodh daingin rígh
mh’urradh ré a ndlighther dinn[s]
ní tráith dó dár n-éara uaidh
do bhuail a ccló séala ar s(h)ídh(e).
30 A bhreath-so ní baoghlach dhuinn
deacair ár ccaomhna do cóir
tig dár n-ionnramh ar chrú an chígh
clú sídh(e) ní hiongnadh ar óigh.
31 As fiú miorbhuile an mhic bhúidh
a ríoghbhuime do bhreith bhuaidh
ó tá cead oinicc ag ó[i]gh
cá beag dóibh an óighidh f[h]uair.
32 As tuigthe ara ndáilionn duinn
nách traghann a thuile ghraidh
ar ghrás nDe ní béarar buaidh
do-chuaidh sé [ó](á)s ceanuibh cháich.
33 Níor fhás a samhuil do mhnaoi [450]
an ghrás dár ccabhair ’na clí
dar leat sul do iomchuir é
fá mhac Dé dob ionchuir í.
34 A cheannach ní (f)aghthar d’ór
ón oineach is earradh shaor
do-ní sé ara dhiomdha ár ndíon
síodh Dé ní dhiongna go daor.
35 As é a ghrás as daingean duinn
nár chaillear é sa chás chruaidh
cia hoile do rachadh róm
nách lór goire a (mh)áthar uaim.
36 A bhíodhba a mbaoghal gach laoi
ní baoghal acht díomdha Dé
mairg sluagh[adh] ’gá ttá ara ttí
ní bhí lá nách uamhan é.
37 Súil ré a fhiortaibh as dóigh duinn
ar mo chionntaibh gér chóir gráin
dob iongnadh leam m(o)’oba uaidh
fada do-chuaidh ar cheann cháich.
38 O fuair mé a rúntoil gan f[h]raoch
ár ndiúlta[dh] uaidh ní hé a thráth
fada gur chronuig sé an síoth
cíoch Dé ’na chonair fá chach.
39 Gan bhaoghal an bhaoghail fuair
madh faobhrach as faobhar sídh(e)

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

níor chuir fala[idh] a cceann cháich
nách fearr dháibh cabhair an chígh.
40 A dhiadhacht a dhaonnacht ghlan
a dhaonnacht as diadha an stair
gé a-tá céim uaim-si 'na fhuil
ní bhfuil béim (i)na uaisle air.
41 Nó gur leath a thásg fán ttír
trí trátha do bhí san úir
do aithin sé ag éirge ón uaig
gurbh é uain a dheimhne dhuinn.
42 Saoradh mh'anma ó uaimh na bpian
go ttabhra mur dhuais am dhán
ní beanta d'oigh[i]r(e) Dé dhíom
díol ina oíghidh is [s]é slán. Sláinic ...

431

Slán dona saoithibh sealga
[Franciscan Library, A25, 166]
Gofraidh Fionn Ó Dálaigh?
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Slán dona saoithibh sealga
fa mbídis coin cheinndearga
túr fiadhoig and nochan fhoil
ni ham dh'íaroidh an fhiadhaigh.
2 Eireochaidh feasta in fiadhoch
fan cclár bfairsing bfonnghríanach
caithfidh táin óccdhamh a n-áois
fa fhódmhagh Fáil 'na bfaraois.
3 An fiadhoch a moigh Mughan
ni tairgthear do thearcughadh
ni mhair a neamhcharo a-nos
fan magh sreaphthana solas.
4 Cu Dhiarmado na nduas teann
fa biodhbha d'fiadhoch Eireann
ní frioth don choin fiadh a bfiodh
ar sliaph no ar moigh nach muirfeadh.
5 Brisiodh chroidhe le conmháor
san tir nar thogh érlamhnaomh
sealg a ndeaghoidh Shuinnéin seing
ar druimfheir Eanaigh aoibhinn.
6 Brath ar oig no ar miol no ar mhuic
ni chuir muinnter mic Cormuic
neach san tir ar tí shealga
ni bi le sín soineanda.
7 Ni eigeona(i)dh easbaidh chruidh
da bfoigheadh mac Meig Cárthaigh
aig[headh úr?] d'fionchru Eoghain

Roinn na Sean-Ghaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

an míolchu n-úr n-eigeonaidh.
8 Do-chualo ag Fiond fuair troda
conchlann do choin Diarmoda
sea[nc]haidh ag sineadh na con
le féarchoin mileadh Múghan.
9 An cú-soin do chonoiph Finn
mairg dhamh re ndiongnadh cuimhlinn
a gairm fa dheaghagh dhi-si
Fearan dob ainm uirrthei-si.
10 Airighthear ar aigneadh Guill [167]
gradh do mhiolchoin mhic Cubhoil[l]
a clú do-chuaidh tar gach coin
an cú ni fhuair gan íaroidh.
11 Teid do Ghull na nglac naoidhe
cu mhic Muirne mon[g]chaoimhe
sáith an bhaisghil shing shuirgigh
san choin-sin Fhinn d'athchuingidh.
12 Nir chuin(gh)igh Goll mhac Morna
da leanadh aois ealadhna
fear ler mhian ceandoch a chlu
riamh d'eallach ach an t-aonchu.
13 Roindtear athaidh da éis soin
aca o Bhaoi go Beinn Édoir
maighlearga fiadhoigh ag Fionn
d'fianoibh airmdhearga Éireann.
14 Trian Eiriond an fheoir sgathaigh
um Chruachain Chuinn Chédchathaig
teagor do chloinn Morna moir
don droing fa ttromdho tionoil.
15 Sindsior dhamh Eirinn uile
Beandan T(r)eamhroch tobraidhe
do bi san trian tarrla ag Goll
fiadh nar tarbha do thafann.
16 Deargoidhtear coin chlann Morna
ler ghnath sealga senamhla
tiomchol magh bfasacrach bfionn
fan damh ndásachtoch ndileann.
17 Gerbh iomdha cu um an ccoin-sin
ar iomeal an aonoigh-sin
le féin do drochoir an damh
nar theigh le gothaibh gadhor.
18 Cu Guill nar ghradhaigh aicme
cédrogha gacha conoirte
scéla derba a seandan soin
le Beandan Teamhro torchuir.
19 Moide fa a choin cumho Ghuill
ma[i]c Morna mhóir mhic Neamhnoinn
laoch as neart gach ughdoir air

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

nar chleacht a hurdoil d'iarroidh.
20 Mac Móire ni mó dho íar
leandan Mughan mic Maicníadh
séd acht an t-aonchú oile
gég do chaomhcru Chonoire.
21 Sirthear ar mhac mhic Maghnois
ar rígh an ruisg leathanghlais
slat chuimhneach do chrú Sadhbha
cú muirneach Í Mhatgamhna.
22 Mac Mhéig Carthaigh cuain Luimnigh
nír héradh 'mun athchuinghidh
ni ar leatrom bhearoir breath
ni chleachtand fheadhain d'eitioch.
23 Ni bhiú ag coimeas a coin Ghuill
le míolchoin mhic mic Domnaill
tuitim re damh ger dhú dhi
do sgar a cclu re chéile.
24 Cú láimhe leóghuin Sheaghsa [168]
tiocfo(i)dh on damh dhílionn-so
le coin leandain breaghdho Breagh
Beandan Teamhra do thuitfeadh.
25 Meinic tuc suidhe sealga
um chróilinntibh cróidhearga
meinic fá corcra in cu geal
o chru ochta na n-eillteadh.
26 Mar theagar a ttigh n-ola
tar choin mhic mhic Onóra
bíthear trath fa cheann na con
gurb ferr gan chách go conchor.
27 Cu Diarmada o Dhun Abhrad (?)
ni thuc sud acht sul fhormad[r]
ternó na con o ched torc
asa dol d'ég le hadhart.
28 A ccrich Laghaidh fa las grian
nar fhagho re headh n-imchian
dioth oile acht easbhoidh na con
(ar) an (bh)fear-soin mhoighe Mughadh.
29 Toigeobhoidh tuilleadh toirrsi
ar righ Fodla férshoillsi
teist gach conmháoir ar in ccoin
fa(n) fhleisg nFhorbhfhaoil n-iobhraigh.[s]
30 Mac Mhéig Carth[aigh] Caisil Chuirc
nos a chon os gach conoirt
nir bhuail fiadh budh luaithe ar lár
a hiall uaithe nirbh easlán. Slan ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

[O'Conor Don, 215b]
In fer cétna (Eochaidh Ó hEoghasa)
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Slan fad lot a lámh Áodha
a áithesach fhorráonda
a run bandála a bhen lonn
a bhannamha f[h]er n-echtronn.

2 A sgíath imdhiden Ultach
a dergrúatur dhíoghaltach
a lámh échtmur a ór sgol
a chlódh cédfadh na ccuradh.

3 A fholmhughadh orlair glíadh
a fhásughadh fhonn n-imchían
a cháor go ccrithir ccorcra
a bráon frithir foghart(h)a.

4 A áoibhioll áonuigh diomdadh
a bheim brisdte caithiorgal
linges mionmhúr Banba Breagh
a *dhioghbhadh manma míledh.

5 A aithdhergad[h] oile a n-úir
a fráoch dochláoidhte dragúin
a sniomh renn a ciorrbadh corp
a err diomdhad[h] do dhúsacht.

6 A tragadh tuinne menma [216a]
a lámh leomhuin sheinEmhna
a fhúath comha a corcradh slegh
a dhórtadh f(h)ola feindedh.

7 Do dortadh más fíor t'fhuil-si
saoth liom ro-m-lá a n-athtuirsi
a lámh 'sa bhúaidh nach beror
rob slan uaim fa t'fhuiliughadh.

8 A lámh derg *dergain Lighen
nír doirted ní doirtfidhear
fuil ríogh as úaisle ina t'fuil
ní fúair-si a díol do díogain.

9 Ar doirt tusa a tríath Gabra
d'foluibh riogh is ríodhamhna
fa ccrích síodhuigh nellglain Neill
do dioghuil t-enghoin íaid-sein.

10 Ni dubradh riamh roimhe sin
a rí Macha a Mhég Uidhir
do ghuin a n-aisgidh ó fhior
a thuir ghaisgidh na nGáoidhiol.

11 Gan díon sáorchlann shíol cCobthaigh
fríoth t'fhaill d'aithes énorcu[i]r
cúis do cédghuine a[s] sí sin
a rí gégmhuighe Gáoidhil.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

12 Méin díochoisg dheithnes troda
trom bíodhbadh beg socraide
ro-d gon a áonbrath Emhna
báoghlach cor na cinnemhna.
13 Mairg duit narab duit a mhairg
do-chúaidh aonur a n-iomairg
sloigh fheithmeacha fán mall muir
gan beitreacha chlann cCriomht[h]ain.
14 Mairg comairleach nó cara
ro-d leig-si a fhlaith Bóramha
do nós chinn fhedhna oile
a rinn berna báoghloighe.
15 Mór as iongotha th'ollaimh
do chinn túath do thearmonnuigh
fád leig(h)en ar bru mberna
nár féig(h)eadh thú a thigherna.
16 Síol Uidhir aoible an chogaidh
nír bhen riú nach rabhattur
a Áodh as gach beinn dot brot
ar th'eing ar an ráon romad.
17 Egcóir dhóibh día do thuisle
gan bheith a Áodh iomaibh-si
fa a cédoighir mur bhios ben
a grios gegoirir Gáoidheal.
18 Fiú ar thairsiod dod taobh slisgheal
fiú ar fhóiris da n-eigin-sion
firthime nár chóir fad chenn
a rigthinne fhoir Éirenn.
19 Gid edh nír urusa dháibh
do thoirmesg día do dhíoghbhail
a rí Éirne a n-ucht ceilge
o lucht déinmhe dibheirge.
20 An faolchú lé bfaicter tréud [216b]
fásuigh a chíabh na ccaimgég
mairg fá mbual-san borb a goimh
fúasnam is colg *an con-soin.
21 En crodha an croidhe rechtmuir
ní fuirgenn ó einealtoin
ionann ceirde dhó & duit
a ló seilge gach seabhuic.
22 An cú fíochmur fed seilge
lasuigh a los díbeirge
criter a gaisgidh a goimh
fichidh lé faigsin bfíadhuigh.
23 Mar sin duit-si a derc mhalla
ag rioth a rinn tegmhála
lé déine lé med menma
créd an tréighe tigerna.

Roinn na Seirbhísí Leabharlainne, Col. na Tríonóide, TCD

24 A chú s(h)eilge slóigh Doire
tugais sidhe seabhcuidhe
dob é an fíadhach rechtmur rod
tre fhiallach nertmur námad.
25 Iadhuid mat érla ndrongach
an tráth-soin troid lettromach
díorma shloigh fhuiligh f[h]ortoil
'na mbróin dhoiligh dhásachtaigh.
26 Do-níad chombáidh re cheile
cuimnigead cúis aithmeile
sgotha an tsluaigh Gháoidhealda a ng(n)oimh
dod grúaidh náoidhenda náraigh.
27 Ré líonmure a láth ngoile
ré lettrom na láochraidhe
nír éidir libh gan do lot
do l(u)igh an t-éigen orot.
28 A Mhég Uidhir fograis cath
a rug ort d'ógbaidh Ulltach
na slóigh nár commáoid[h] cogadh
comáoin dóibh a ndernattur.
29 Nír díoghladh a nderna tú
mor do dhligh dortad[h] t'fhíonchru
ar rígheachtoibh más cóir cion
d'fóir ngnímheuchtaigh na nGaoideal.
30 Mór saorchlann sráointe catha
mor mac ríogh is rofhlatha
do ríograidh conchuir chlair Bregh
torcuir don laimh do loitedh.
31 A rí Éirne an ruisc reabaigh
mor laithe do lingeabhair
broin ccrannrúadh a ccomach bfer
tre brollach glansluagh Gáoidheal.
32 Meinic iomaibh-si ar áth nglíadh
eóin chíocracha ag cosg ainmian
a chuingidh an tíre thall
ar broinnib sídhe sáorchlann.
33 Fa brúach Emhna an fheóir mhilis
meinic riamh do réidhighis
críoch challbhan fár chathaigh C(h)onn
orlár tachair ad tiomcholl.
34 Meinic bhós do brisedh libh [217a]
go ttrasda at Áodh Mág Uidhir
mainner rúadh relltonach renn
ar shlúagh n-echtgonach nÉirenn.
35 Do-chúaidh a chuingidh Emhna
let go ló na cinnemhna
cóir a ccédadhbhor do chen
a fhóir ghégádhbadh Gháoidheal.

Royal Irish College, Col. na Tríonóide, TCD

36 Fada do leigedur libh
meince aithes lé haimsir
ar shíol nár ccédfadhach cCuinn
a lámh echtghonach fho(i)rtuill.
37 Nír fhill tríath da ttarla libh
a lámh mhillteach Mhég Uidhir
beg an [fh]airbríogh lat a lamh
na mac airdríogh nárbh esslán. Slan ...

433

Slán fad theachd, a thuir Airtigh
[RIA 744 (A/v/2), 32a]
An fear céudna cecinit [i.e. Áonghas Ó Cillín]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Slán fád theachd a thuir Airtigh
a aitheasaigh iorghuiltigh
cía nach dti(o)bhreadh fád theachd slán
lén himneadh ceart do chláochl[á]dh.
2 Fáilte Dé róimh a Roib(h)eard
a lámh nár loic comhraigfhearg
dár ccáomhna don bhúaidh bheire
a úain aobhdha ar áilgheine.
3 Dob iongnadh do theachd mar táoi
a fhuiltigh an airm échtnáoi
a mhic Siubhan as gáoth ghreis
’s gach tiughár láoch dár lingis.
4 Adhbhur altuighthe a chleath Chuilt
do thoigheachd gá fhearr íarmuirt
ó chliathfhroisneimh gádh na ngal
slán ón íathmhoigh-sein Uladh.
5 A Roibeard Díolmhain déudla
a chuir le cuing bhfirénda
a mbúaidh céimeann dá cabhair
crúaidh Éireann do fhéchabhair.
6 Mor n-itche bhan is bhrughadh
’s guidhe ord is ollamhan
dod chaomhna ar ghníomh na ngreaschath
a ghríobh áobhdha imreasnach.
7 A mhic Sir Lúcáis laochdha
a thaighleóir threas na n-áobhdha
do theachd slán sláinte gach fhir
a ghlár go bfáilte bfáoilidh.
8 Áos treabhtha uird is ollaimh
túatha flaithe is forrlannaigh
go madh glóir bhús sáoghlach sin
róimh a n-áonghuth do fháoiltigh.
9 Sgáoilid na déé a bfé fía

Roinn na Círeibe, Col. na Tríonóide, TCD

róimh do fháoiltigh an t-aoindía
goimh na ngáoth déine na ndúl
ar sáoth le chéile ar ccláochlúgh.
10 An gal ar ttoigheachd a tteas
dot fháiltiughadh tré áineas
d'éis ghlíadhbhrotha do gleó tte
a eó gríanLocha Glinne.
11 Cuirid róimh a rún molta
fáilte na ndúl ndomhanta
fád theachd slán ó chiorbhadh cath
a lámh na n-iorghal n-euchtach.
12 Leanaidh ó thángais a ttráth
a thúailgnigh thráotha cathach[r]
léd thrénfhoghail cholg is chean
lorg sénamhuil bur sinnsior.
13 Smacht ar thúathaibh 's tornamh trén
dú dháoibh do dhréim réd chinél
clú a n-airghean riaghladh is rath
íarnadh caibhghean is ciontach.
14 Connaimh dá chéile a ccomhar
*do [t]hearmonna gan trothlugadh
curthar lat a ccruasneimh cath
bac ar uasleibh 's ár inlach.
15 [D]a cconnmha oideas th'athar
ag dreim dhocrach ndorbhthachar
d'íath Éireann búdh gníomh garma
bríogh bur ccéimeann ccatharrdha.
16 A ua Teabóid na ttreas tte [32b]
do lean tú a eang 's a úaisle
a lámh fhuilteach ar áth ngal
a bhláth Cuircneach na ccuradh.
17 A Roibeird a rún cobhsaigh
a shnámh aigéin iomchosnaimh
re hucht ghriolla ghleó núaidhe
a eó Sionna sríobhúaine.
18 A mhaighre lúith Locha Ribh
a ghég d'fíneamhain Oiligh
a chosg omhain um Áth Lúain
a sgáth ar chonair chreachshlúaigh.
19 A-nos ó tháinic tusa
fá shén trá ód thurus-[s]a
táinic lá a dáilte-si dhuibh
a-tá [an] fháilte-si ionchuir.
20 Ag so róimh a rún toile
m'fháilte-si ar [ao]í h'ionmhuine
a lúth gan obadh ar ágh
do shugh na mogal measlán. Slán ...
21 Ní hiongnadh a méid mheanma

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Róis Díolmhain dreach shoidhealbhdha
nocha dál nach dleacht dise
um theacht slán dá seisi-se.

434

Slán le sinnsearaibh Síl Táil
[Maynooth M56b, 186]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Slán le sinnsioraibh Síol Táil
a n-éag *d[o] ísliogaidh m'anáir
gan toil dom dhán 'na ndéaghaidh*
slán mur s[o]in dá sinnsearaibh.

2 Slán leis an ccuire ccalma
léar [b](m)h'annsa aos eadhladhna
críoc na bhfear-soin is léan lín[n]
sgeul is easbaidh d'Éirinn.[s]

3 [I]s é a ttéarnódh air oile
sliocht bádhach Briain Bóraimhe
tug ar ndán uaine a bhfolach
slán ream chuaine carthanach.

4 Do *shúige dinn diaig ar nd(h)iaidh
laoicc óga sleachta síolmBriain
tréad fromhtha nár fhógair síoth
do *thóghthach cómhtha(ch) cóigcríoch.

5 Uch fó-ríor do mhearaicc mé
tréd do sháiricc gach treisé[a]
ná fuil neach dá n-(d)aithle ann
aga *mbiadh aithne oram.

6 Am thír féin tar iath oile
d'éis sleachta Bhriain Bóroimhe
do-rinn a n-éag deorúidh díom
an tréd d'feolfuil an airdríogh.

7 D'éis na druinge nár diult(a) treas
gearr nách budh meise mhairfeas
mar táim a-niudh cé ní(dh) nár
mo(dh) chlí(dhe) dá chionn[r] ní comslán.

435

Soirbhigh, a Chríosd, don Chalbhach
[RIA 540 (C/iv/1), 163v]
An fer ceadno cecinit [Goffraidh Mac an Bhaird (160r)]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Sóirbhidh a Chríosd don Chalbhach
foichne go bfás mbáramhlach
do phlanduigh ó phór cumhra
nar laghduigh ór n-ealadhna.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

2 Ailliocan fhola Fiachaidh
an tréd mhir mhóirFhiachaid[h]ˢ
do chin ó Níall na Náoi nGlas
dar ghíall gach sáoi le senchas.

3 Bláth na géige ó ghort Londan
le mbíd briathra senughdar
macláodh ionmhuin dar n-ealbha
slatchráobh d'fiodhbhuigh fhineamhna.

4 Gein shochair le rugad rath
soirbhigh a Chríosd don Calbhach
planda na laochbhann leanbdha
sáorchlann Gallda Gaoidhealda.

5 Iarmur dés deiscert mBóine
ós tú a Mhic na móróighe
do dhuinigh a Dhé an leanabh
fuirigh é le haipchiúghadh.

6 Feich a Trinóid don tamhan
go ria bal is bláthughadh
a rí dhearb ronnas gach rath
dearbh do cumus don Chalbach.

7 Cendsoigh thrá tús a reabraidh [164r]
tabhair h'úidh da óigmenmuin
slisne núa d'Ibh Neill Midhe
go rúa chéill is coimsighe.

8 Sdiúrugheacht ceirt a chinidh
fios reachta gach rídhlighidh
go ndirighthior a Dhé dho
minighter é dot h'eagno.

9 Mar do fheithis d'Í-a-cób
ar tús an tan ba fíorog(h)
feich don chur-sa don Chalbhach
ursa [fhéich?] na n-ealadhnach

10 D'Í-a-cób do chumhduigh sibh
ar bhéluibh Iasu an tshinnsir
bennocht (oigri)oigriochta Ias-ág
cíos dob oirrderca an tan-ád.

11 Oighre Uilliam Í Máoil Mhúaidh
ó mhaoilinn Uisnigh fhionnfhúair
Gaoidhil ag guidhe asa los
fáoilidh duine re dúchas. Soirbidh ...

436

Sona re hAodhaibh Clann Chonaill

[NLI G167, 141]

Mac an Bháird Eoghan mac Gofradha do rinne an dán-sa d'Aodh mac Maghnusa

[Séadna, Dán Díreach]

1 Sona re hAodhaibh Clann Conoill

Roinn na Graíge, Col. na Tríonóide, TCD

clú anma nir isligh síad
cur ’na ccenn ni cnesda d’aoinfhuil
tenn fesda as a nAodhaibh íad.

2 Ni fáth maoidhimh méd a n-áirimh
d’fuil Chonuill ni cunradh sáor
ni doigh béin fa eidhriocht oinidh
do sheinsliocht Neill Oiligh d’Áodh.

3 Teid a mian ris na mnáibh oile
d’iarraidh lendáin san leith thuaidh
súil mar gach mnaoi ag tealaigh Temhra
i bferaibh craoi Emhna d’uaim.

4 Cairt an Airt-si[n] ar fhiadh cCobhthaigh
cóir do lean ar a lorg súd
ni bhia ’na chairt re cloinn nÉimhir
acht roinn an Airt Einfhir úd.

5 Beirid céim i ccoinne ollaimh
ar n-adhnadh d’fuil aighthedh ngeal
fógraidh gruaidhe fine Earca
file nuaidhe ar ttechta as-tegh.

6 Ni mór labhruid i láibh coinne [142]
clann riogDhálaigh na ruag tte
do fógradh lón míleadh Macha
ríbhen ag clodh datha dhe.

7 Beag budh cóir a chur a n-iongnadh
iath Bóinne fa bhreith a mhaoir
tar a bfuil da fhaltaibh orthaibh (orthaibh)
nir altaigh fuil Chobhthaigh Chaoil.

8 Ar sgur eachtra f[h]ine Chonaill
re crích bhiodhbadh ni bhí a ttnúth
beirid cách a-mach a máoine
do sgáth re ccath nDaoile a dún.

9 Tuigfid tóir ar tteacht da n-amharc
d’fein Daoili mas decair buing
geall gan deacra o mhnaibh ar mhoilli
i láibh deabhtha Chloinne Cuinn.

10 Do chur áigh ni iarraid brosdaidh
gi be dhiultus dul a bfeidhm
ni horra as cóir cengal eachta
dan gealladh fóir bhearta i mbeirn.

11 Do fhéach a-nois nós an tuaisgeirt
a thoil tar ais ni (bf)uair sé
re a bfuair ollamh o fhein Doire
reidh a mbronnadh oile é.

12 Rún diomdadh fa dhaoire a n-ainbhreath
biodh ’gun tí len trom a ccion
beg nach cuma re crú Éanna
cumma r(i)ú no a n-éara d’fior.

13 Gar mealladh don mnaoi-si Thuathail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ga toil mná nach meallaid súd
iomdha red cheird i ttreabh Temhra
ag seilg fer na hEmhna úd.

14 Nós na ndaighfhledh dol i ttendáil
fa thaobh bruighne buailter sriobh
teine ar a béalaibh do bheataigh
féagain fleidhe í Eachaigh d'fior.

15 Fuair a dhíon do dhruim a bhriatar
brugh Danar go ndeachaidh sáor
ar ttecht fan teagh d'ógbaidh *Uladh
fógraidh bean a hoidhir d'Áodh.

16 Sgéla a bfedhma re bfhéin Bernais
mar bhíos tes ag techt re gréin
luath táinic a cclú on cliathaigh
sul táinic crú Fiachaidh féin.

17 Neach ag teigen tighe caithmhe
cuirm don Aodh-soin an uair tug
gúais a mhuirir ar fhear fleidhe
fleadh go bruighin roimhe rug.

18 Fios a mbuadha do bhí ag Sioghmall [143]
seóid uaisli ararbh oirches dóigh
benaidh derca a henaibh áinleadh
feagadh ferta failgeadh n-óir.

19 Fáth as nach baoghal breith ainbhreath
iath biodhbadh do bheith fad thoil
giodh mór re a cuimhne cion t'aithreadh
[budh] doilghe d'fior t'aithcion air.

20 Tonn nar laghdaigh an lán mara
magh Bóinne ni beanta dhí
mithidh trágadh dot thuinn fhaladh
ar mbádhadh fuinn Danar dí.

21 Giodh mór a hagra ar fhein Bernais
ben Eimhir do fhillfed rú
congbhaidh do dhúil luighe ar luachair
o chlúimh toighe Tuathail tú.

22 Luth h'eachraidh tre fhaithche ríghdhúin
do rún rioghna rug a ghlas
greadh sa[n] raon dot char tar chainte
do an taobh red fháilti as.

23 Tú re bfeinnéadhaibh fed amhairc
an fherg mhall gur mhínigh troid
lamha glia(i)dh ar omhan t'fheirge
nir róghar fian derge doid.

24 Fian Danar i ndeoidh do chomhloinn
re clár Temhra tugsad druim
cuiridh lúadh do ghleódh re Gallaibh
suan gan cheól ar chlannaibh Cuinn.

25 Tig dot omhan ar iath Taillten

Roinn na Gaeilge, C.Ol. na Tríonóide, TCD

tuir chorra do chur o a ndrud
díol do chomha an t-amm nar hedadh
barr brogha gan téagar tug.
26 Ni faghur dhóibh diol a n-ainbhreath
ealbha laoch gan locadh áigh
créd as geall daor ris an dornchladh
do mháor ar cenn chomtadh cháigh.
27 Tainic is-teach ar thóir mbiodhbadh
gi be hitche iarraid féin
ar guidh dot fhein a ttráth tresa
do chách fein as nesa a neimh.
28 Ni reidh cuirt od chlochaibh tábhaill
gan teacht ar ais anfaidh síad
re méd na cclach cuire cuimhrigh (?)
duine a-mach ni athraigh (?) íad.
29 Do shúil ionmhoill oidhre Mághnais
mes go talmhuin tug a mbarr
do mhéd muirir na ccleath ccúmhra
guidhidh neach gan ubhla ann.
30 Fiodhbhuidh fhiar go n-iomad mblátha [144]
ag bárr toraidh tárla i ngúais
*tainic do mheas mhuighe Dáoile
nach fes duille craoibhe cnúais.
31 Tearc da sédaibh ag Siol cConuill
cur re a tteisd ni tarbha d'fior
do sgar a ccradh rer ccrú Airt-ne
ni an an chnú as aipche ar fhiodh.
32 Do dheithbhir cen Chloinne Dálaigh
deireadh fleidhe fágbaidh siad
*tainic do mheas mhuighe Dáoile
nach fes duille craoibhe cnúais.
*34 Go sgur d'foghail oidhre Siubháin
suil cáich re caomhna a ttor
feadh an amhairc o fhóir Mhacha
tóir a malairt *dhuit ag dol.
35 Dol da laoidhibh ag léim beárna
brosdadh con re ccleachtar s(l)eilg
gnáth gach cú ar bélaibh a buidhne
féghadh rer ccrú Cuinn-ne ceilg.
36 Maith na comhtha do chrú Dálaigh
a dhúil diomdha deireadh láoi
go reidhigh (?) neach re hua nEachaidh
ar thech nua ni dheachaidh dláoi.
37 Sé tar tuinn ag saighdeadh eachtrann
ar iath Logha lór do chairt
fine Gall fa thoirrches tuirsi
clann oirches don fhuil-si Airt.
38 Fogus dóibh a ndeireadh foghla

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

fine Cuinn ar ccreideadh dhó
cuirit ar triall fedhma fínit
go fiadh Temhra sínid só. Sona ...

437

Sonas na sinnsear ar Bhrian
[RIA 744 (A/v/2), 42a]
Pedar O MaoilCóinaire cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Sonas na sinnsior ar Bhrían
croidhe cúmhra ’s gach aoinrían
orchall is buairleanta[r] bruth
lochrann suaithionta seasmach.

2 Feinnidh chrionna na ccuradh
codhnach dar cóir umlughadh
raithceillidh mordha ’s gac modh
cathfheinnidh crodha Crúacan.

3 Urmac Aodha an aignidh mhir
mheic Aoidh oig meic Aoid íodain
raithgin mar beoghal gan bheim
leomhan ar aithghin eisén.

4 Carfaidh an chrioch-sa Connacht
Brian beodha da buacallacht
mar as cubhaid da gne glé
urraid mar e san uair-si.

5 A-ta si fos da foghail
an chrioch-sa clann cConcobhair
is da cnesguin a ngrim gorta
d’easbuidh cinn a cosanta.

6 Cuirfidh Brian ceann i cceann
coigeadh Con[n]ocht go coithcionn
a curaidh gach am gan oil
o ghonaibh Gall da griosghuin.

7 Airgtheoir biodhbadh bruntoir each
cosnadh cluidh d’ainmh is d’einioc
dual do Bhrian a ndheniomh dho
treinfhear na mían an mac-sa.

8 Oirrdhearc a ainm a ccalaibh
tairpthioc trena i tteagbhalaibh
sdiu[i]r i cceimibh ’s a ccuctrath
an ciuin ceillidh cosantac[h].

9 A hurraidh fein o fuair-si
tailfidh tir an glaincuain-si
ar fhial as glonngalach goil
Brían comhramhac[h] o Crúac[h]ain.

10 Cuid do ceimibh an bhadhaigh
meisnioc a ló langhabhuid

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

mar na hait[h]ribh or fas so
raithghin gan tlas re teannta.
11 Ni nar don f[h]einidh eargna
bheit oirrdheirc ard infeadhma
o gach fuil úassail do at
gan goin suasan sa saormhac.
12 Ni tainig crann da cineadh
nac commaith do maithrigheadh[a]
ar n-ursa a ngniomhaibh ’s a nghal
an cur-sa d’fhionfhuil Cruacan.
13 A-ta fa Brian do bhunadh
iarla teasdac[h] Tuadhmhumhan
griangha ba maoinioch moladh
is iarla daoineac[h] DeasMhumh[an].
14 Siol Aodha na n-eacradh n-ard
is siol mBhrian an chlann chatgarg
da phailm do foighreadh san bhfhear
do coimhlean ainm is airiomh.
15 Sioblac[h] a cail ’s gac[h] co(i)nair
inghion cheart Ui Choncobhair
an gac latair leim loise
matair an fheil uasail-se.
16 Don dara taobh maoithfe[idh] me [42b]
cuid d’ardflathib na huaisle
cúis as ler gan olc gan oil
gan len gan lo[ch]t ’na leanmhain.
17 Diolmháinaigh na seol solas
flaithfhir d’fhas gan fhaltanas
a mbhuaidhbhearta[r] a-riamh ba rath
i mBrian shuaitheanta seasmac.
18 O Ruairc rogha na ccuradh
’s O Domhnaill dion damhollamh
glanmogal[r] ’s gac taob ba te
tangadar sa raon roimhe.
19 A-ta fan maoinfhear gan meang
fuil ard uaisleadh na hEirionn
cluglac is caoin o thoraidh
a n-urmac Aoidh anadhaigh.
20 Do Brian tra ni nar a-nos
bheith do i cceart ’s a cceannas
beac ruatair gan tar na thlact
i cCruacain ’s a cclar Connocht.
21 Inntinn mordha fos flatha
fuair o Dhia tuar tromratha
mein maordha caidreamh gan chol
’s aignead[h] aobdha gan uabhar.
22 Beac coimhedfas clu na sean
mealltoir ainis na n-ingion

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ar cclothfoichne nac daor dail
an caor cothaigt[he] conaigh.
23 Fiormaith a mein ’s a meanma
og go ttreigibh tigerna
breac taistil na lion gan lo[ch]t
’s as griob gaisgidh a nguasacht.
24 Eó taigdid (?) Sionna mar sin
bradan suaiteanta Sligigh
gruis neamhmbocht ruathar fa rath
seabhac Cruachan do cumhdach.
25 Faolcu garg neartmar nimhe
treinfer tuilfios oirbhire
a luadh nocha [g](f)ann na a ghal
o sluagh Gall in gac gabhad.
26 Mor caomh an maithis molta
pailm do phor na daonachta
dia do didion Brian da bladh
liggeal na mían fa moladh.
27 Gnaithbes Bria[i]n na ttacar tte
nac tig sios re seol cainnte
gan cuis tabactac gac tan
an tuis aractac uasal.
28 Aigneadh tromdha coinsias ceart
fuair o Iosa mur eifeact
freamh dosglan i ngniom ’s a ngus
dhosan[r] as sior an sonas. Sonas ...

438

Soraidh leat, a Leac Shnámha

[NLI G140, 559: breaks off on page 557 at q. 22 with catchword ‘Tug’

Ó Dálaigh Fionn cecinit

[Deibhí, Dán Díreach]

1 Soraigh leat a Leac Shnámha
mairg a-ta d’éis t’fágbhala(dh)
damhna cáoi a f[h]innlec oirdruic
mur taoi an fhinnlec ogoirghlic.(?)
2 A róimh fhileadh Chláir Chobhthaigh
do-chuadhais dod chomhurthaibh
a (l)leac fa ttarla(dh) a(i)r ttuirse
labhra leat(h) da leamhuin[n]-si.
3 Do-conairc tu uair éigin
a chúirt gheal goirméidigh[s]
’s nach bhfaca tegh mur thusa [558]
a treabh dhat(h)a dúthcusa.
4 An uair dob aithnidh dhúinne
tusa a fhinngheal aolnuighe
as tu róimh oinigh dob f[h]err

Royal Irish Academy of Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do thoighthibh óil na [h]Eireann.
5 An tú lec na lo(i)ng bfion(n)a
’nár mhinic dáimh dóidhíola
na ferchoinge a mbiath breis
fa triath merchloinne Mhuireis.
6 Más tú [do] bhí an uair-sin ann
a lenáin Túa(i)th(e) Dé Danann
ní mhairenn leat[h] *uaisle a *fríoch
a bhúaile créach na ccoigríoch.
7 An t[e]imhel-sa as do ghnúis gil
a Lec Shnámha an fhuinn úaigni[gh]
mur taoí á adhbha na slat sroill
da(i)r leat is damhna dobróin.
8 Dursan liom a Lec Shnámha
mur ta cionn do choinnmhala
áitrebh geal na n-ursan n-aoi[l] (?)
dursan gan t’f[h]er ad f[h]och[r]aoibh. (?)
9 D’éis a bhfuaruis d’aoibhneas riamh
ionnat a ráth na rioghíall
bheth dod chóir is dúbhach dhúinn
a thulach bróin na mbarún.
10 Ge bé do-chíthfedh do chor
a chuirt chaomhgheal na ccura(i)dh
diomb(h)aigh gan caoinedh fad chenn
a lenáin aoidhegh Érionn.
11 An chúirt-sin do chlecht mise
minic (f)uarus innte-si
rinn menman muirnn is macnuis
*oruinn go nderna[dh] dioghaltus.
12 Minic fuarus fíon fúars
ad chuirt muirnn air marcshluaghs
an fíon do ibhinn a hór
dlíghim a dhíol re dobhrón.
13 Minic fuarus fein sa [brugh] [557]
sord do gach aonfhíon uasal
aig so an fíon gan aire air
san bhaile a mbíodh do bhámu[i]r.
14 Minic do-chínn uair eile
a rioghcúirt Chláir Chíarruighe
*aos cumtha gacha céirde
gan urchra a ccás Gaoidheilge.
15 Minic do bhí medhuir mhór
san teigh-so a-ta air annsódh
do bhí cion lá[oi] [s]an bhfion(n)bru(i)gha
ge ta[oi] a-niogh go neimbhríoghmhur.
16 Minic do bhí san mbruighin
*a tteigh chaithmhe chláir *Chíarrthuighe
sgor um chuinge[idh] chláir Féile

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

lear náir tuillimh toibhéime.
17 Tarrla(idh) dúinn air Dhábhí rí(o)gh
sgéal foirfe air nach dúal dimb(h)ri(o)gh
denomh déar ní iongna dhuinn
iomdha sgéal as an sgribtuir.
18 Fuair air ttuis toil a mhenma
mur tharrla(idh) dha thigherna
triath é nair ceileadh a chion
se fá dheiredh gur *díbríogh.
19 Do cuiredh e air fhuirinn bhig
d'éis a ionnarbtha a n-eagibh
a n-íoc a pheca[dh] mhó(i)r *mhíon
clod nár dheca(i)r don *Dúilibh.
20 Ferg Críosd o do-chonairc ris
Dáibhí rí(ogh) dob ferr iris
ní do *uaislibh a fhine
do-ní an uair-sin d'a[ith]righe.
21 Ma ta gur taidhbhseach a choir
a chionnta an uair do adoimh
fuair do bhrí[o]gh aithríghe an fhir
maithfigh[e] Rí[ogh] an(n) *ríghthoighe.
22 Do-chonairc Criosd nach claon breath
mac Iese air [an] iul ndírech
tig(h) a croighe an fedh-sin féin
air chéstoibh eile an f[h]íréin.

439

Suirgheach Cruacha re clú Taidhg
[RIA 743 (A / iv / 3), 868]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Suirgheach Crúacha ré clú Taidhg
a rún ag Crúachain gan cheilg
a líon (?) a-nois ar tí Thaidhg
ré cois ar thaighd sí dá seilg.
2 Ní b(h)ean nár daingnigh a dáil
do bhean dá caingnibh a cíaigh
feis re Crúachain uaidh 'gá húaim
búaidh núachoir as dúal 'na díaigh.
3 A mbladh ní foghthar ar faill
ní fhan a torchor ag tuinn
gach fear féine ag cor a chroinn
ag roinn cléire ar chrodh ó gCuinn.
4 Fán loinn ttana mur thug láimh
an mhadain as moch do mháoidh
lá an tochoir nír fheich le húain
ar mbúain chrothaidh a cleith cháoil.
5 Nárb ferr féinnidh ar cúl chuilg

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

a chlú do éirigh ós aird
meallaidh fer comhlainn ar cheird
ó fhoghluim leinb a tteagh Thaidhg.

6 Tig rigbhean ’na cheann a gcúan
leis nárb fearr fínfhledh a hór
fledh ar ar oil inghion ríogh
a toil do chíodh inbhior d(o)’ól.

7 Náoi ngúaisseabhaic ar sén sealg
do ghluaisiodair sa chléith cholg
léigthior sleagh fán tóir ó Thadhg
tré bhróin chalg do lean a lorg.

8 Slán Danar fa thecht a ttír
a longa ’gá n-amharc úaidh
gibé fá ttarla an fheilm óir
do-chóidh a seilbh cabhra an chuain.

9 Ré mac Taidhg na ttachar ndoirbh
gabhthar in gach aird don fhe[i]dhm
ní fhuair san iorghail an t-ainm
gairm úaidh ar bhiodhbaidh a mbeirn.

10 Ar sioladh d’Eachdair ón ágh
beanfaidh do ríoghnaibh a rún
mur sin thaighle a ngrinniol ghlíadh
maighre ós grían linnedh ar lúdh.

11 Túar búaidhridh do thocht[a] is-teagh
donnadh dá ngrúaidhibh as gar
each foibh ar báoithleim a mbrugh
’gá cur d’aoinchéim go bróin mban.

12 [.]íall [a?] nderna d’foghail uaidh
íath Medhbha a moglaibh (?) do lín
[iomdha ar?] echtra áoidhe sgeóil
nach máoidhe a ndeóigh techta i ttír.

13 Do-chuaidh comha ar fíadh na bFionn [869]
a ttobhach ní bú tríall mall
máoir na gcóiggedach ad cheann
fearr dáoibh an óigealach ann.

14 Ní lamh cách an bhearna a mbía
gnáth lé seabhcuibh cor a gclú
cía an aird nach imgidhi a ngleo
ní heó minshreibhi a Thaidg thú.

15 Sín réd mhogal suaithnidh slúaigh
tír Connacht fad búannuibh bíaidh
do toghadh d’eigribh fhóid Néill
cóig géill ad gheimhlibh ón ghlíaidh.

16 Líon glíadh dán cáomhthaigh a gcuilg
íad d’aontoil ó fhíon lét f[h]e[i]rg
giodhbé fledh do thighi a Thaidhg
fer ’s gach aird a lighi ós leirg.

17 Th’airm dháibh do dáileadh ’na gcioth

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

mar [budh] dháilimh ag dáil dheoch
fedh do lúidh sa choradh chleath
leath a cúil nírbh omhan d'eoch.
18 Serc ríoghan do-chóidh a gcion
ag líonadh a ttráth dhá tol
sgíath na suirghi do bhúail bean
do chnedh úaidh a nduilghi ag dol.
19 Mar lingi a Thaidhg tre ghort ngáidh
th'airm ag cor chrithre smú[ail?][s]
sleagh cháol ré a ttanuighthir tóir
fá tháobh shlóigh anaithnigh [uaidh?].
20 Taisgedh treabh Crúachan a cuirm
dá cead do chua(d)bhair 'na seilbh
créd as f[h]áth d'aisdior an chairn
baisder th'ai[r]m (?) san áth ót f[h]e[i]dhm.
21 Ní fhéd sibh deaghail ré dáimh
tig én ara ealtain féin
do badh sgarthain con ré a cúan
marthain úadh gá[n] cor lé cléir.
22 Mó as lúath do adhain a fherg
nár lón d'úa Cathail a cholg
caithmhioch gabha ar fháobraibh ord
colg tana dho tháobh(s)oid[h Tadhg?].
23 Líon seirce d'ainlíonadh úaidh
ar bainnrioghain berti sróill
rug ar bhanndáil baire rúin
lé camán chúil fháinne n-óir.
24 Tú Césair Gáoideal a nglíaidh
ní máoidhti go mberair búaidh
go mbí[.....] lé a thaoibh
do shaoil fer dá fhoide [uaibh?].
25 [Fir.?]renta ag dáileadh (?) ndrúcht [870]
do thaighd tóir ré bélaibh bárc
[dó chon?]áoidh ós aird an t-écht
a gcomáoin chrecht Thaidhg a ttrácht.
26 Fir gan lúadh ar leaptaibh súain
lúath 'na ndeagaidh ar gach dáimh
toil (?) fhine Cuinn ris an gcléir
slighi ré[i]dh ag tuinn i ttráigh.
27 [L?]uath orra go horlar nglíadh
tromdhámh as docair do dhíol
gabhaid uallchu d'foclaibh drúagh
slúagh Crúachna nár fholtaigh (?) d'f[h]íon.
28 Té[i]d i ttachar a ttós láoi
um nóin 'na *bladadh (?) go mbí
sgiath chorcra re a siobhladh sé
búdh re ghonta ón iorghal í.
29 Comha ghuirt Thuathail gur thaighd

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ar Crúachain mar do c[h]u[i]r sheilg
do chuir go Bóinn buidhne ós aird
surghi Thaidhg do-chóidh ó cheilg.
30 Sgél do bhean a banntracht bedhg
do ghabh a chrannghal 'sa cholg
bíaidh sin 'na Bruighin Dá Bhearg
ferg chuiridh a ttigh ré Tadg.
31 Siobhlach ar fher leanta luirg
do lean a heasgur 's gach aird
snámh ag ealltoin a ndigh de[i]rg
lé mealltur leinb a ttigh Thaidhg.
32 Do líon tromchumaidh an tóir
ó shiol gConchubair a gcéin
na hiolgháirthi ar f[h]edh an áir
ag mnáibh ionnráithni a bfer féin.
33 Luach aisdir an aoidhidh chon
ré a fhaicsin do fháoiltigh bhean
súil da gach aird ag bróin bhan
mar do-choidh sagh Thaidhg is-te[agh?].
34 D'éis a filleadh dá léim lúidh
le filidh a gcéin do-chóidh
a ndiaigh Thaidhg dá chor le cléir
sagh ag léim ara haird oi[..?].
35 [...] thachair fánab baoghlach búain
ag tabairt aoltar go húir
[a bh?]iodhg do ttentaigh tré thóir
dóigh sealg ag seabcaibh a Súir. Suir...

440

Suirgheach mé le mac Donnchaidh
[O'Conor Don, 356b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Suirgeach mé lé mac Donnchuidh
serc fhiledh fhóid ríoghChobhthoigh
sáoirbhengán tar chách ro-m char
áoinlendán gnáth lé ngabhthar.
2 Branán náoidhedh criche Cuirc
cáor mhíanuigh mhaicne Geruilt
gnúis réghlan is rogha lem
togha érlamh na hÉirenn.
3 Beithir bheóghdha mac Míledh
mír crúaidh ris nár coimhshínedh
gníomh doilighr díbheóganr dían
fíochleóghan mhoidhe Maicníadh.
4 Sgíath chosnaimh a ccriche féin
seabhac íodhlannach aigmhéil
nachar chlechttoil ghníomh ngrods

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

is díoth nerttfuil námhod.

5 Mac Donnchaidh rén suirgeach sinn
a-tá annsacht um inntinn
gúais an toirrches do thecht ríom
a sherc a bfoilches agom.

6 A mesg cháigh do ch[a](u)r sinne
eó baillgheal bruigh ghlaisLine
da dreich sháoirfhinn tugus toil
sáoilim go rugus roghoin.

7 Ní d[’fh]onn máoinedh na mían cruidh
rec uaim ré mac Meic Carrthaig
do thoghus é as a fhine
an ré sholus shéimhide.

8 Le ró toile dhó féin féin
tugus gradh da gnúis soilléir
an tshlat bhaschorr go ngné ghil
nír charsom é acht dar-íribh.

9 Ríoghruidh ordruic innsi Fáil
da mesoinn uile d’énlaimh
áondamh ré(idh) bráonbhrogha Bhregh
m’áonrogha (é) tar gach áoinfer.

10 Córuide dhamh anmhuin air
dámhna riogh fhréimhe Carthaigh
bas armtha fa cclaoinid cuill
sáoilim go n-anfa oruinn.

11 Gnúis náoidhe rén doilligh dámh
do gabh meisi mac Siubhán
mo-chen fer dán seisi sin
do geabh meisi ós da mháoidhemh.

12 Nír mór gur mháoite damh-sa [357a]
go ttug aghuidh oram-sa
gruaidh fhaoillidh na ttennál tte
lennán gach áoinfhir oile.

13 Da ccardáois é cenn a ccenn
filidh úaisle fhóid Éireann
rí an chuire lé ndiúltur dréim
ní dhiultfadh duine dhíbh-séin.

14 Mac Mhé[ig] Carrthaigh nár chláon breth
carfad(h) é tar gach áoinneach
níamh cuir tar choimhéd annsa
lé bfuil d’oiréd oram-sa.

15 Na léig is ní leigfe me
an dáil-si fesda a bhfúaire
a grúaidh dherg as díol suirge
na bíodh cealg ’nar cconnailbhe.

16 Da mbeinn da chengal choídhche
mo dháil re dhreich mhiocharrdha[r]
ní feirde mé a ndubhradh dhi

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

muna cconnmhadh sé ar suirghe. Suirgeach ...
17 Ré cois doilge na ccoigh ccnedh
fada dhamh í ré háireamh
go mbeire ó chóir h'óighre (s)inn
ar ccoimhghe ar an Óigh aitchim.

441

Suirgheach sin, a Éire ógh
[O'Conor Don, 219b]
In fer céadna cecinit [Eochaidh Ó hEóghasa)
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Suirgeac sin a Éire ógh
goirid duit día do chláochlodh
a fhérmhúr na ngríanchnoc nglan
ternúdh od chíachbrot cumhadh.
2 A-táoi [a] Éire an fhóid íobhraigh
ad mhnáoi s[h]uirgid[h] shibhionnraidh
go rún nemhtoirseach a-nocht
a chrechloingseach úr édrocht.
3 Do tréigis an riocht roime
do ghabh tú a treabh Láoghaire
a fhionnfholtach bhenndhubh bhog
th'erradh iongantach umad.
4 A-ta fa enbharr úaine
féige corcra clúmhnúaidhe
do chráobhshlat ccnóbhuidhe ccrom
áonbrat órdaidhe ar t'fheronn.
5 Do tsrotha úaine th'áibhne
íslighid a n-urlabhra
a críoch búighneach ghégtrom gheal
a suirgeac edrom th'aignedh.
6 Ni fhacamur ríam reimhe
an tlacht aluinn ainglidhe
an cruth sídh iongantach ort
d’fhuighlibh na ríogh bá rónair.

7 Marphthar Eibhior da éis sin
a ccath Geisille an ghaisccigh
ealt(h)a shluaigh narbh fann fleadhol
fa bhúaidh ann ag Eiriomhon.

8 Sccuirim do sccélaibh na bfhear
tuccam treas d’Ior mac Míleadh
fios gach díne dar *fhár air
do ghnás gach line a leabhraibh.

9 Íór mac Mileadh láoch gan locht
fúair bás re bél a cumhocht
cúis toirrsi do Theamhraigh Breagh
’s don chloinn-si meanmnaigh Mileadh.

10 Faccbhais mac ba mór deaghrath
Íor mac Míleadh mórmeanmnac[h]
do fúair gáirm fhe(a)innedh da éis
Eibhear a ainm re a aisnéis.

11 Ceathrar ar fhithid d’fhearaibh
’s áoinbhean go ngníomh ngaisccedhaigh

Roinn na Scéithe, Col. na Tríonóide, TCD

do dheighshliocht Eibhir o Íor
lér eirigh eighriocht airdríogh.
12 Ag so ainm gach einfhir dhíbh
dar ghabh Éire an fhúinn fhé(a)oirmhín
cuirfead stiuir léir rem labhra
do réir iúil na healadhna.
13 Cearmna Sobharce seang
comhfhlaith íad ar iath nEirend
tolcha breaccorra tháoiph ttiodh
eatorra ar-áon dá n-áiriomh.
14 Seatna & Dúach 'na deaghaidh
riomhthar ar fhonn bFhuineadhaigh
fir ba teann a ttreighibh ríogh
dream lér eirigh an t-eissiodh.
15 Ollamh Fódla fúair deaghbhlad[h]
rí Éirionn gan oirbhearnadh
a túaidh do tarrngireadh soin
úaidh do hainmnigheadh Ulltaigh.
16 Do ordaigh gan fhíoch gan fhéill
feis Teámhra ar tús a nEirinn
Ollamh Fodla nach bfhúair mairg
fogra úaidh in gach éanaird.
17 Ar Theamhraigh fós fa fearr cairt
mur ollamain ainm orrdhairc
don righfhear gan rún meabhla
do-ríneadh dún deaghdhealbha.
18 Fíanochta is Slanall fa seach
Géigi ollgothach uaibhreach
na caomhthaigh do chin o Íor
an láochraidh nar dhligh dimbrigh.
19 Fiacha & Bearnghal búadhach
is Oilill Fionn fíorbhuadhach
na leomain as crúaidhe a ccath
cúaine d'f[h]eolfhuil na nUlltac[h].
20 Síorlámh Aircceadmhar Áodh Rúadh
dream rioghdha go reacht mbiothbhúan
freamha fineamhna gan ceilt
righealbha tréana an túaisceairt.
21 Diothorba is Ciombháoth na ccath
is Macha ba mór deaghrath
as dún as dior a ndeaghail
is ríomh a nglún ngeinealaigh.
22 Rudhraighe Breasail go mbrígh
Congal (?) fúair flaitheas airdrigh
ar Bhanbha Chuinn go calma
do dhruim fhaghla allmhard[h]a.
23 Fachtna Fathach fúair gach fonn
Eilim fúair fíoch is forlann

Roinn na Scríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

Mál teamhra is Cáolbadh na ccath
ba healbha gáolmur gradhach.
Gach ainm dá n-airmhim ann soin
do rioghraidh Éirionn d'Ulltaibh
mur as léir da lúadh a-nos
do réir na súadh san seanchos.
Conchuphar airdrí Uladh
do réir iúil na healadhan
mac samhla na sluagh dob fhearr
dár dúal Banbha na mbeimeand.
Leanam lorg Chonaill Chearnaigh
mur fúair sinn a se(a)inleabhraiph
sgaram re gach n-áon oile
gabham ráon go Rudhroidhe.
Conall mac Aimhirghin fhéil [70]
mac Cais mic Fachtna áirmghéir
mac Caip mac Cionga corcra
giolla lerbh ait adhmolta.
Mac Rudhraighe ba ri ar chách
da chinel nir chúis neamhgnath
fear nár mhall sluagh ar siobal
a chlann uadh ar n-ainmnioghadh.
Clann Chonaill Chearnaigh gan chleith
Iríal Láoisech gan leithbhreith
fios na foirne is goire a ngáoil
da oighre oile ó eanchraoibh.
Síol Mordha ro ba mór slógh
do chin o Láoiseach leannmhór
ó Laoidhis nach fann feadhan
sgáoilis and ar n-áithioghadh.
Sliocht Íriail Ghlúnmhair na nghreadh
í Eacach nar ér áoinfhear
fir nar éirigh d'fhonn Ulltach
an drong chéillidh chosantach.
Gi bé a-ta acc teacht a maghaibh
'ga bfuil iúl a n-ealadhain
í Eachac[h] 's na fréamha o bfuil
fégha a ndeachaidh on duthaigh.
Tarla oighre núaidhe a-nois
d'íbh Eachach do druim duthchais
óg ráth a n-urláimh an fhuinn
do chách acc congmáil chothruim.
Mag Aongusa urra an fhuinn
fonn Uladh ní hiúl mearbhuill
dá ttí ar ais a neart a-niodh
as lais ó cheart an cúigiodh.
Gach ceart da raibhe roimhe
leanaidh lorcc na láochroidhe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

cuireadh Art ar gach áon ann
smacht ar gach táobh id thiomchall.
36 Liubhair Éirionn féc ar fad
as cairt nach dúal do dhearmad
acc sin fiaghain as fearr air
diallaidh gach dream ré a ndutaigh.
37 Tús ealadhna acc sliocht a sean
ó úaislibh fola Gáoidheal
tús gach molta as dóibh dleaghair
sompla as cóir do chreideamain.
38 Fuil úasal Eachach Cobha
fuil einigh is eangnomha
cia an eanfhuil an uair-si as fearr
do fhréamhaibh úaisli Eireann.
39 A Mheagh Aonghusa as ard céim
mor bfhath fa bfaghthar oilbhéim
deana an fál le bfhoghar síodh
gradh is oman an Airdríogh.
40 Í Eachach na n-aibhneadh ngeal
cosain í d'áis no d'éig(h)ean
or as ort as cóir a chion
[nó] olc cháigh muna ccoisccthear.
41 Bí go seasmhach ar son ccirt
bí umal don áos aimhnirt
congaimh srían reat meanmain mhir
meabhraidh gach cíall as cuimhnidh.
42 Tabhair onoir d'eaglais Dé
mor a lúach a ló an fhínné
ag so an t-ór as f[h]earr d'ionnmhas
gearr an lón do fhlaithiomhnas.
43 An chlíar léghas gach leaphair
d'eaglais & d'fhileadhaibh
an me(a)id-si bús foirfi a bfhios
na tréicc-si coidhchi a ccairdios.
44 Deich n-aitheanta áoinMhic Dé
comhaill íad in gach aoingné
na comhairle ar a-tú acc teacht
dú na (f)horfhuighle d'eisdeacht. Tri ...

476

Trom an créacht-sa ar chrích Chonghail
[Sir Con O'Neill's Manuscript, NLI Positive 6671, 108v]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]
[date: 1677, in qt 21]

1 Trom an créacht-sa ar chrích Conguil
an créacht-sa is díth do dhámhruigh
easbaidh d'fhéin an fhóid iobhruigh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

iomghuin an óig fhéil ármghloin.

2 Ar ccráobh róis díon ar ndochair
an t-óg fá brigh dar mbeathuigh
ag so ar ghuin é a n-ithir
an té is frithir d'fhuil Eachaidh.

3 Mac 'sa bháigh ré slúagh Sionna
lér bhuan rádh gacha rolla
sé a n-úaigh ar ceilt 's ní cuma
urra d'úaim cheirt ó cColla.

4 Téid úainne a ttráth a tharuigh
ar séd búadha ar mbláth bunuidh
siad ina n-ám ní fhoghar
clann do róghuin íad Ulaidh.

5 Deaghfhosgadh caomhna ar cciúnuis
Alasdar saormhac Séamuis
an ghuin fhúair 's dá thaobh tárruis
úaim áruis gaoil 'na glébhais.

6 Tamhan d'fhiodh mórmac Míleadh
órshlat nár mion an móirfher
fiú a ghníomh ar ghuin do cháoineadh
sáoirfher d'fhuil na rígh róimher.

7 Mionn féinnedh go bhfos flatha
do bhrosd éighmhe agus ocha
téarna aonchrádh súadh seacha
túar meatha a chlaochládh crotha.

8 Fuil Domhnaill óg a n-áosuibh
tug an óigh d'fhoghlu[i]m Shéasuir
gnáth leó a nguin a ngúasuibh
tuir chnúasuigh fa beó a mbésuibh.

9 Eó Banna tachradh tíre
bradán go n-alla n-úire
as ann fríth fuil na féile
guin í Chréidhe is díth dhúinne.

10 Tárrla crú deaghchlann Domhnuill
san dearcmhall go ngnúis ghilghrinn
fuil na Niall ní dá n-aghruim
deghroinn dhí 'mun fhíal inghill.

11 Fuil Ír 'na chenn do chím-si
's gach tír fa tenn an tóir-si
fir go mbríogh san ccéim cruaidh-si
uaisle a sil san fhreimh Róigh-si.

12 Síol mBríain uime lé a n-áiriomh
cuire fa chíaigh nar fíoradh
an siol *as muir do móradh
roghar d'fhuil ríogh is ríoghan.

13 Macruidh Maidhe & Daoile
gasraidh do ghnáthaig(eadh) feile
fir 'sa ghaol ré mac Máire

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

slat fháinne gan chláon ccéille.
14 Féachuin í Chuinn fan chíaigh-si
’na ngérghuin ttrúim ’gan tír-si
easbaidh cháich í san úaigh-si
uáisle an tí dháibh bhúdh dísle.
15 Nia[m] bróin ar mnáoi gach míliḋh
róinn ’s gach *tír d’fhíadh Éimhir
[ca?]nuid(h) dhuinn a ccúis cáoinidh
tré ghnúis fhaoiligh n-úir éinfhir.
16 Tinnchned priomhghuin ar bpéarla [109r]
do hinnleadh d’fhionnfhuil órdha
dursann dul dar mac máordha
slat ao(dh)bhdha go modh mórdha.
17 [I]ongna an ghaoillinn sruth Sionna
nach sgáoilenn brugh ós balla
iongnadh nar ghlúais clí í Cholla
na trí tonna Búais Banna.
18 [...]lín a linn an íartha
modh na síon is feidhm fráochdha
[a?] mbeó a-tá ar ceilt a ccófra
bóchna trér ccreich trá an táobhtha.
19 [Ní l]en a tes d’fhíadh Uladh
a cneas go grían do gonadh
[b]eg a bhrígh tuar ar talamh
taradh síl úadh ní faghar.
20 [...] tionnsgnamh deabhtha is deiredh
iongnadh ’sa sheachna ar shiobhal
[...] a-mach ón úaimh ní foghar
clach fholamh fhúar mur ionadh.
21 [S]eachtmoghad seacht tré chéile
do breathnugadh bheacht fhíre
[se?] céad deg d’Úan na hOighe
ég doighe ar sluagh sídhe. [date: 1677?]
22 A-tá fa bhrat ag slógh seinCheall
an mac do-chóidh [ó] chonchlann
[ci?]a an t-óg cía chenn carfam
cathbharr d’fhód Cheall ’na chothram. Tróm ...

477

Trom an suan-sa ort, a Aodh
[NLI G 167, 162]
(see ‘A Poem Book of the O’Donnells’, Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 47)
Uilliam Óg Mac an Bhaird do chan so, acc brosdadh Aodh[a] meic Maghnusa.
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Trom an suan-sa ort a Aodh
ni chuala socht mar an suan

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

a ccuala sinn romhainn da rádh
ni mór nach nár linn a luadh.

2 A-táthar trom oraibh uaidh
at cholladh gi trom a-táidh
labhair re bhar bfádhaib féin
tabhair fremh Dálaigh it dháil.

3 Gabh do bhrosdadh uaim a Aodh
ga hollamh nach dual do dhíol
beg an bhriogh gríosadh do gruadh
luadh do ghníomh da ttíosadh thríom.

4 Red shuan as dealaidhthe dhaoibh
go lethnaighthe do luadh ráidh
sreath do chomhaidh ar Chloinn Néill
na boing chéill do chobhair chaigh.

5 Cuir fesda as fada do shuan
ar fhearaibh Mumhan do mhaor
acht muna rabh sé ar bhar síodh
na b(h)iodh cradh 'gun té réd thaobh.

6 Na bí ag anmhain sa[n] tír thúaidh
gach críoch go ngabhthair a géill
ben do mhuigh Cruachan do chóir
t'uathadh slóigh na cuir a ccéill.

7 Ni hanta ag fiadhach no ag fíon
an triall-soin o thárla a ndán
ráth Temhrach cuir as a cláon
an tAodh Engach ruibh da rádh.

8 Ionnsaig tra tulaigh an Trír
a cobhair ni gnáth gan gliaidh
cia dot thred nachar bhrég Boinn
na feach róimh na dég it dhíaidh.

9 Do dhúsgadh os díol dom dhán
do-ním led dhusgadh mar dhíol
lór dhaoibh a ndeine do shuan
dhaoibh as dual Éire mas fíor.

10 Mar do-ní-se as nemhbaidh lem
ar bhegán don tir-si thall
tú gan lassair ni lor leam
mór gurb féarr a nglassaibh Gall.

11 Mar taoí it cholladh sa tír thúaidh [163]
gan síth re Gallaibh gan gliaidh
beir maicne Dálaigh it dháil
nár le haicme mbádhaigh mBriain.

12 Biodh do bhrath ar Bhanbha Cuinn
gabhthar an brat as a bheinn
budh he críoch do chadail (?) truim
críoch Chuinn agaibh as a heirr.

13 As tráth dhó an griosadh do-gheibh
ar Bhóinn da ttíosadh a thail

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

triall as an toirrchim a bfuil
ni fhuil fiadh gan oirchill air.
14 Aodh Eangac do fhocail fáidh
do chobhair Temhrach an Trír
mac Siubhain ar ttocht a-thuaidh
slua[i]gh tionáil thort as gach thír.
15 Tilidh Aodh Engach gach iath
do sháor na Temhrach as tráth
mithidh lem adhnadh da fhíoch
biodh 'na cheann no cabhradh cách.
16 Sloigh Uladh ar tós ag triall
ni dóigh na curaidh do chládh
cóir dóigh as an damhna ríogh
Banbha do dhion doibh a ndán.
17 Beiridh cobhair on tír thuaidh
o Aodh ar thulaidh an Trír
nibudh heachtra ar uathadh sluaigh
techta o fhoir Cruachan do-chím.
18 Lucht Danar do chur tar cuan
Temhair do chur as [a] cláon
budh lucht ainbhreath i ngort glia(i)dh
fian Laighneach as th'ucht a Aodh.
19 Ni dísle d'Aodh Ulaidh féin
da ghaol na curaidh o Chliaigh
Muimhnigh na brosda(i)gh go Boinn
fóir Luimnigh da mbrosdadh biaidh.
20 Leigfid a ccoinne cóig slóigh
ni cóir na budh coinne sídh
ag techt fa choim Chloinne I Neill
Goill fein at choinne do-chím.
21 Meic riogh sa chonair nar clódh
dot dhíon romhaibh as an ráon
cuirim soraidh le bhar súan
cluinim luadh oraibh a Aodh.
22 Beid ort ag sgaoileadh a sgeóil [164]
Gaoidhil ag tocht as gach taoibh
th'aire re ráth Eimhir d'uaim
ni trath suain do dhenamh dhaoibh.
23 Cuir brosdadh ar chách it chenn
an fád mar do chosain Conn
ni cóir rí gan oirchill ann
na bí thall at thoirrchim trom. Trom ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

478

Truagh a-nocht inneall Éireann
[NLI G140, 550]
Flann mhac Eóghuin Mheic Craith cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Trua(i)gh a-nocht innioll Eirionn
an ráth chorcra chneisshéimhsheang
críoch gusmur na ngaothshlo(i)gh ng(h)lan
dursan cláochlodh a cédfadh.

2 Uchon do athruigh uile
sging mhaordha mhna Chonoire
fonn bhalbhfhúar na mbrat *n-áoirseach
do ghlac amhlu[a]gh eccóimseach.

3 Fá bhrat cómhadh cenn a ccenn
a-táid srotha fhóid Éirenn
a-táid fionnmhuighe a *fóid ndonn
a-tá(i)d fíodhbhuighe a ferann.

4 Fada do leath tonn Túaidhe
sruth na Maoile mongrúaidhe
is tonn Rughróidhe na srebh seang
aig furnuighe air f[h]edh nÉirenn.

5 Luaimneach orrtha fán am-so
briocht sóighnen síon ccodarsna
trethan ilmhillte gaoth nglan
fraoch na firminnte a foghar.

6 A-táid fós ar fedh Banba
a n-ilrechtuibh éagsamhla
neóil fhaghla impe aig adhuint
linnte balbha aig biothlabhairt.

7 An sál 'na sreabh sídhe [551]
do-níd re nert na garbhshíne
damhna millte mana guil
linnte tana 'na ttonnuibh.

8 A mbeirt dhorcha a ndéalra[dh] bróin
a-ta clár aighthe an aigheóir
gidh í an donnghrían gharrtha ghlan
a fóirníamh d'aithne is iongnadh.

9 Do thimlidh tlacht a trebhadh nuidhe[s]
oighid *flatha fhinnS(i)úire
tug gach tiormráth saobh mur sin
an taom ionghnáith rer imthigh.

10 Do folchadh as fa[th] docra
tairthe na ndúl ndomhonnta
re hiomchladh úaire dar liom
air fhionnchlár úaine Éirenn.

11 Saoth liom-sa cíall a ccúmhadh
bás tinn Íarla(idh) urMhúmhan
as e damhna a ndhoilghi sin
fóirne Banba gur bhúai[dhi]r.

12 Caoinidh Fod(h)la na bfonn ttais
tréighe máordha mhic Séamuis
fiu fer na ccéimionn ccurradh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

treabh Eirionn fá úrdhubhadh.

13 Uaisle *ó ghníomh a gaisgeidh thré[i]n
einech trom Thomais Builte[i]r
gan fer a shára cha[i]dh sin
air fedh gránacha[i]dh Gaoidh(a)il.

14 Ní chuala riamh go roibhe
ag flathaibh fhuinn Iughoine
fa Bhanba na mbert bhfosuigh
tech mur adhbha an Íarla-sin.

15 Síansa céille a ghotha ghloin
o rochenn a chuing chrábhóigh
cl(i)ú a gharma a riaghla 'sa recht
ní thárla(idh) aig íarla a n-éinfheacht.

16 Do bhadur sin láimh do laimh
a n-aonchorp íarla(idh) Gabhráin
na tréighthe ag tnuth re-roile
a céile úr Osroighe.

17 Muighe an mhíledh ga mo cradh
le hesbuigh oighre Siobhan
mur thorchur re tuile ttré[i]n
do folchadh uile *íaid-soin.

18 Blath Éirionn an fhocuinn tais
air n-imthecht mhic mhic Píaruis
do thuit trá ga truaighe ces
gan lá uaighe re háines.

19 Mar sin do thuit echt oile [552]
ben Briain tre bhás Chonaire
aoguire Banba na mbenn
aonduine ámhra Éirionn.

20 Smacht Chonaire nár chlaon cuing
do bhi air Bhanba an brua[i]gh áluinn
innis chollbhan na cclach ccuir(r)
lomnan do rath ón ríaghuil.

21 Mac Eidirsgeoil an fhuilt tslim
an tan fa rí(ogh) [é] air Éirinn
tug buinne a torcar as-tech
confadh gach tuinne air ttráighedh.

22 Do tuigedh tolcha Banba
d'fedhuibh dluighthe donnabhra
le cnuais maothcholl muidhe Céin
fa craobhtrom uile íad-séin.

23 Fosadh láoi ó ghréin gharrthe
ní bhfúair grían na ngormaithfe
's ni bhfúair craobh lúptha re a linn
acht [braon] druchta do dhoininn.

24 Fa Chonaire chíabh na sgath
nír léir easbaidh fhóid Temhrach
níor sgaoil recht a saorchláir slim

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

go techt d’áonchrádh re hÉirinn.
25 As í an téi[dh]m-sin tharla(idh) dhi
oighidh Chonaire a céile
ráth choi[r]ms[h]ean na ccaomhlios bhfionn
ler tóirnedh aoibhnes Éirionn.
26 Do trothloighedh trá a maithes
do bérnadh a búanfhláithes
do sódh torchar a ga(i)rt nglan
do folchadh tlacht a tolmhan.
27 Bás Chonaire an chrotha ghil
do mhill flaithes fhóid Uisnigh
le créchdghoin do-chuaidh air ccúl
a cédfadh úaidh air *n-iompóghadh.
28 Éag an íarla amhla[idh] sin
do mhill rath chrí(th)che Chobhthuigh
sean Conaire f[h]úair an eng
fa stuaigh rómuidhe R[a]óilenn.
29 Dlíghter d’Éirinn an fheóir ghloin
cáoi dhiochra um Íarla an Aonaigh
dob fiu an sochur fuair an fonn
a dhochar iar uair d’fulang.
30 Re hais Clíodhna fa Chlíaigh Máil
do leath cáoi choghnuidh Ghabhráin
laoch Berbha go n-adh n-eing
fo chlár Cermna caoinfidhir.
31 Iomdha laoch lingthe bérna
flaith taoiseach is tigherna
a ndeilbh truaigh(e) a ccaoi croidhe
gach láoi air uaigh a(i)r nÍarloi-ne.
32 Déara fola fearaid sin
ealbha laoch um Chill Chuinnidh
tig maothcroidhe do mhnaibh Gall
tre ghair laochroidhe Lunndann.
33 Daoire damhsa na dháibh sin
ég Íarla(idh) Cille Cuinnidh
go gríán do-chuaidh um (a) chroídhe
ní cían úaim an eólchuire.
34 Filidh Banba ag dórtadh déar
aig techt tar Thomas Builter
déra náoidhe air dhreich gach *gruadh
a ccaoine air leith is lánthrúa(i)gh. Truagh ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

479

Truagh an sgéal-sa sgaoiltear libh
[RIA 744 (A/v/2), 32b]
Muirgheas Ó Máoilchonaire cecinit
[date 1649 in quatrain 38]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Trúagh an sgél-sa sgáoiltear libh
a fhir théid go tír nAirtigh
in gach séd ní soiréidh thíar
ég an choiléin bá coimhfhíal.

2 Cúis tuirsi an sgél sgaíltear lat
a ccrích Chonnacht na ccaomhmbrat
a chlaisdin damhna do dhoigh
san mBanbha n-aisdigh n-adhbhail.

3 Sgél do árdaigh orra ceas
’s do ísligh áoibh na n-écceas
teasbháil an fhir as lén linn
ag sin an sgél lé sginnim.

4 Trúagh an toisg dá ttárla ad bheól
an sgél as f[h]oicsi d’fhirleón
ré hucht ccosanta chlíar bFáil
don bhosacla fhial armcháidh.

5 Giodh olc gach aoinsgél oile
dá bfúair tusa a theachtaire
measa an sgél ro-m sgaith-se a-nos
dhuit-se ní sen go sonus.

6 Dearbh nar fhág brigh um bhallaibh
neimh an sgeóil rér sgáthamair
ní ceolfoghar cneasda sin
feasda acht deónughadh doiligh.

7 Easbhaidh dhuinn deimhin an radh [33a]
eidir fhior mhnáoi is mhacamh
anam teagbhala chliar cCuinn
gan dail eadrána aguinn.

8 Aicme Dhíolmhan na ndrécht nglan
fir ba fáoilidh a-nallan
gaothfhoirne na ngég i bpáis
tre ég láochoidhre Lúcáis.

9 Eg an úasail oirdheirc óig
Roibeard úr mac mhic Teabóid
fachain fiorbhróin ’s gach séd so
do thréd brioghshlóigh na Banbha.

10 Ba damhna flatha ré a feas
Ribeard Diolmhan ré dheighmheas
fear nár ghann gart an sdúaigh-si
gan alt ann acht árdúaisle.

11 Comhardha flatha fíor so
d’úaisle d’féile & d’eagna
dearbh gur hadhnadh áoibh na cceard
isin ccáoin roghlan Ribeard.

12 Roibeard Díolmhain lúaitter leam
níor mhair sé acht seal aithghearr
dá maradh do bá beó a bhladh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

tamhan far theó gach taghadh.

13 Ar son fós nach mair an mac
Roibeard Diolmhan bá deaghshlat
mairfidh beó a leabhraibh linn
an t-eó [ó] Teamhraigh tháoibhshlim.

14 Neimhiongnadh a iomrádh sin
d'eagluis d'éigsibh is d'úaislibh
tré mhéd a míadha 'na mhúr
gég ba diada go ndeaghrún.

15 D'eagluis Dé fa dainimh sin
bás oidhre ardmhuir Airtigh
a dhile dhóibh bá cádhos
róimh gach file an *fíorárus.

16 Fírcheart d'éigsibh ga tt(h)ú dhe
an t-óg amhra do chuimhne
ó dhligheadh gach grésa grinn
bésa fileadh a bfaighlim.

17 Eaglais is éigse fa mheirg
san mBanbha tre bhás Ribeird
trúagh an béd dáoirghleic dáimhe
tre ég saoirmeic Siubáine.

18 Tig da éag-san gan fhuireach
Roibeard dealbhdha Díolmhuinech
a theasbháil as turbhaidh *thren
urbhaidh is easram *d-dher (?).

19 A n-iath Cuinn 'mun ccuraidh chaomh
ní tearc treinfhir da ardghaol
'gá ttrágh a ttromchumhaidh the
orchraghail is crádh croidhe.

20 Fa fhonn Midhe nach mór locht
iomdha tré árdúa an Uiocont
óig dhaingne gan bheirt mbearna
as aindre ag beilt broinmhedhra.

21 A leith Modha na múr nglan
fa dual do mhac a mháthar
a cháoineadh lé a ghlangháol grinn
's daghráon d'fáoidead 'na intinn.

22 Feadh réimhis Roibheird amhra
úa Teabóid tríath cathchalma
ba leomhanta gníomh a ghal
ag dion beógharta brughadh.

23 Marcshlúagh lúthmur laochdha ar learg
on tráth fá tteasda Ribeard
's níor ttirmdhíne gan chas ccion
tré bhas grinngribhe Gaoidheal.

24 Beithir láochdha a láibh na ngal
mac Sir Luchais laoch báoghlach
gríobh na nguaisbeart ngarg 's gach dú

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

árd a úaisleacht ’s a fhíalchlu.
25 Úa toghtha Teabóid Díolmhain [33b]
Roibeard na bfleadh bfíorlíonmhur
a brugh ní chúala gan chion
go dul úadha don úirfhior.
26 Ar a bhord do bhídís so
mór ndrong séghainn go snasda
’s bró mharcshlúagh mheardha go teann
um ealbha ghartbhúan Ghaileang.
27 Ar an mbord ccédna go ccion
do bhíodh eagluis na n-oirior
’s éigse gan toibhéim ’na thigh
mun ngéig-se oiléin Uisnigh.
28 Do ghrés do-geabtha ar an mbord
in gach ionbhuidh gan fhodhord
lucht glainiúil na ttreón nár thim
’s ceól bá taighiúir téidbhinn.
29 Ní bhíodh easbhaidh orra so
fleadha seice iná siúcra
in gach aimsir bá gniomh gle
fíor nár áidhbhsigh a n-aidhbhle.
30 Claochlódh trúagh tárla *ann
ó bfuil iomad go hanbhfann
comhdha na cCuircneach nach mair
bá suiltbheach tromdha torchuir.
31 A mheic Lúcáis na ngreadh ngrinn
bá luinne libh mur fhuiglim
óig chalma go ccreich ad ghar
ná bheith i n-adhbha at aonar.
32 Ní tearc bhós fár mbeith i ccill
láoch gan aigneadh gan inntinn
is uaisle ní sáobhghlór so
úaibh-se i n-áonbhrón mun am-sa.
33 Mór ttríath lúthmur dod lucht gáoil
a n-íath Éireann ’s gach [a]óntáoibh
i ttromcheas cumhadh gan cheilt
oircheas dubhadh fán doibheirt.
34 Ní hiongnadh d’úaislibh fhuinn bhFáil
’s dá lucht cumainn is comhráidh
bheith imshníomhach tré dhul do
an cur ilghníomhach amhra.
35 Úrmhac inghine Mháire
rug leis *fós is fíoráille
’s féile nárbó gann gean
is tréidhe Gall is Gáoidheal.
36 D’inghin tSeáin ní sén gar
go ttoir sáogal na sáogal
a cédfhear ’sa clú ba te

Roinn na Séipéise, Col. na Tríonóide, TCD

a-nú fá éideadh úire.

37 A nÁth Lúain na láoch gan locht
ann do c(h)uireadh a cháomhchorp
go seanmóir um fheart an fhir
dleacht an eangróimh da aithribh.

38 Naoi mblíadhna ceathrachad cáigh
míle sé chéd 'na ccomhdháil
ó ghein Dé Coimdhe na cceard
go ré mo roighne Ribeard. [date 1649]

39 Do bhi thrá a threise so
ar mhór n-íath d'Eirinn amhra
gur chaith réimheas go rún nglan
ní feilfhios dúinn a derbadh.

40 Rugadh úainn día do dhoghra
posd cumhdaigh chlíar n-ealadhna
ó ghribhfheirg ag soighidh slúagh
oighidh Ribeird as rothruagh. Truagh ...

480

Truagh bhur gcor, a cholann chriadh
[Maynooth MS C97, 2r]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Truag bar gcor a colann criadh
a aibirseoir na n-ainmian
a bregad shuaimnigh sadail
édigh uaibrigh ora[n?...].

2 A dealbadoir na mbreg mbláith
a chisde caitmhe an chonáich
bedh gid dusgad dunn (?) dlegair
a dhuil ghnusdub gra[ineamhail?]

3 A dimsach coirpthi colach
a iotadh a ocorach
beag do cial a gnuis nác glan
a mhian don druis do de[namh?].

4 Cred fa gcaoinfinn-si coidhchi
do fphian a duil dhealbdoirchi
mor bur n-ainbfis a chli col
do-ni aimleas [.....].

5 Anoir d'fhagail ni dlighi
ar fpáis Criost ni cuimnighi
a fergaig uaibrig otraig
hsuaimhnig cealgaig[h] cod[oltaigh?]

6 Da mbeth dealg id bhois no id bhonn
uaibh-si ni heol a fulong
a fhpeacaig a chuirp na gcen
as deacair [.....].

7 O thus taoi-si 'nar n-adhaidh

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

a-ta an leiscci ad lenamain
dod doirbheas ge tuar do thol
doilgheas ni d[u.....].
8 As tuicthi dhuit a dhuine
na ngniomh nac tuar trocure
nac fuil ach sgath bruit ad bhladh
a bhláth o ar thuit [a thoradh?].
9 O smuainedh duit ar Criost caigh
a corpain uaibrigh anbhail
da mberedh cas h'éigin ort
's da gras bud eid[er t'fhurtochd?].
10 Ni fuilngenn giorra ghorta
a Dhe a n-anair th'umhlochda
ni dion dam an calann chuil
gab ar n-an[am?] ar h'in[chaibh?].
11 A truaill oibrigthe na n-olc
innuibh do fhas an fallsocd
féach nach seimh do méad meanmo
nac [.....].
12 Na hagair oirn a meabhail
a Iosa Críosd cairdemail
fech gur fhas an t(h)-éigean ann
do gras as eidedh umom.
13 Ar m'anom a oigMic mhóir
la coinne sléimhi Sidhóin
a ghloir ar nac fuil foirchend
na cuir do coir comcoitc[henn?].
14 Ar gcraos ar bformad ar bferg
ar dtnut[h] ar gcol ar gclaoinc[er]d
a Coimdhi 'sa ghnuis mur ghloin
'sar ndruis oirni [na hagair?]
15 Sa gcronn ceasta dom chabu[i]r
a Dhe gnuisghil grasamail
ni beg do fpein 's do fpudhair
da bur gcead féin fuar[amair?].
16 Mas imert hi 'na adhuigh
beth san uaill ag anamhuin
do-ni tu a calann gan ceilt
a tru ar an anam imeirt. Tr[uagh] ...

481

Truagh do thurus, a dhuine
[RIA 8 (24/L/6), 26]
{Ó Dalaigh Fionn}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Truagh do thurus a dhuine
ar cuaird a cclí colluídhe

Roinn na Sean-Lr, Col. na Tríonóide, TCD

glan ua(i)dh muna tí tusa
a cclí as truagh do thurus-[s]a.

2 Mairg táinig ar cuairt ’na chend
an chlí chraosda gan choingheall
ní díol annsa í ara holc
an chlí fhallsa gan umhlocht.

3 Truagh do thoisg a dhuine dhuill
táinig ar cuairt a ccoluinn
eagal duit a dhamhna di
acht lé goid th’anma uaithe.

4 Ma tárluig cruth áluinn ort
nách (f)uarais acht ar iasacht
ina sru(i)th do-chuaidh ar ccúl
smuain ar [an] ccruth ar cclaochlugh(a).

5 Smuain ar *tocht mur tháinig sibh
a ccoluinn olcuig uaibhrig
damhna sgís t’uaill ar fhéachuin
smuain a-rís go n-iméachair.

6 Réd leas féin do dhéanamh dhuit
má taoi a dhuine ná dermuid
smuain ar an éag rét aghaidh
féach an truaill a ttángabhair.

7 Smuain ar lá churtha *an chuirp
a ndéin as truagh an turus
smuain (ar) phréimh na sul ag sile[adh]
do réim ar ccúl cuirf(u)ígher.

8 A dhuine as fioruaisle fuil
dár fhás don fhuil-sin Adhaimh
smuain go mbéara an uair-sin ort
nac l[é]amha h’uaisle t’f[h]ortacht.

9 A dhuine-sin as ró-mhór rath
charas an saogal (go) sanntach
smuain acht a(o)n bhrat fá mbeither
san uaig l(e)at nách *léigfugher.

10 Ar an bhfonn-so ara bhfuil sibh
smuain fós nách fada bheithir
teacht uaidh ní hurusa slán
truagh do thurus[-sa] a thruagháin.

11 Féach da ndearnair a dhuine
réir na colla a ccomhnuíghe
nó tnúth re dedhriaghuil dáibh
dúil ’na hanmhiannuibh d’fhágháil.

12 Córuide dhuit a dhuine [27]
Rí(gh) na ngrás do ghnathghuídhe
mac ríghMhuire gibé bheas
dá shíorghuídhe as é éisteas.

13 Dlighther gach aonlá eile
guidhe mhic na Maghdine

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

an lá-so an Luain ní *faghthar
a ghrása an uair iarrfuígh[th]er.
D'éis ár cceannaig go daor dhó
ar fhuil an Athar naomhtha
dá ccinne ar ár n-obadh uaidh
a chogadh rinne as róthruagh.
An chathair niamhghlan neamhdha
ní gan toil an tigherna
tar ár bhfoltuibh linn as lór
sinn da rochtuin lé Sim(e)ón. Truagh ...

482

Truagh gan Maghnus 'na mhac ríogh
[NLI G 167, 117]
(see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 33)
An Cu Choigcriche remhraite don Maghnus chenda.
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

Truagh gan Maghnus 'na mac ríogh
ga mac do sháraigh a shén
a nert ga haird um nar iadh
mairg le budh mian techt le a thrén.
Ar ndul aige ar an tír thuaidh
an rí-si le raibhi ar súil
mac riogh fa treisi ar gach taoibh
do shaoil m[e]isi gur dhion duinn.
Mac Aodha fa hoirdherc gnáoi
slat d'fiodhbuidh tolcha Da Thí
do réir na ngníomh do ghlac sé
dob é 'na mhac riogh fa rí.
Sé 'na Mhaghnus dháibh fa díon
ris an dáimh go ttárla tnúdh
slat pailme do dhligh ar ndíon
mac riogh sin fa *daighne dhún.
Ad Mághnus ni frioth ar bfaill
ga crioch nar chabhrais go tuinn
móide as náir gan anair inn
red linn a bhranain chlair Cuinn.
Fachain diomdha a úa na nAodh
dot fhiodhbhuidh fa dual ar ndíon
gan tú ag cur linn mar as lór
ar n-ór red linn ar ndol díom.
Do bhen rinn a dhochar dhúinn
red linn i ccrothaibh do-chuaidh
a oireacht gan rígh do réir
roinert ar chléir sa tír thúaidh.
Mé ar dibert o thír do thír

Royal Irish Acad., Col. na Tríonóide, TCD

oir as é as rí ar an tír thuaidh
’s gan labhradh oraibh fa[n] áoir
dhaoibh dob adhbhar gora[i]dh grua[i]dh.
9 Baoghal d’fuil Chonaill is Chéin [118]
go bfuil romhainn guin do ghruaidh
os d’iomardadh ar fhuil Táil
nár don fhuil mh’ionnarbadh uaibh.
10 Fulang m’ionnarbaidh uait féin
mh’ionnarbadh nir dhual dot dheóin
d’éis ar sháraigh do chlú cáigh
nár do chrú Dálaigh fa dheóigh.
11 Da fhuil riogh ghabhus it ghruaidh
fada re ar-oile a bfioch féin
diomdha ag fuil Dálaigh ar dháimh
[i]s báidh re fuil naraigh Neill.
12 Sinn tenn as na rioghaibh ríamh
gur líonadh le ar ttenn do thnúdh
ní mór leam on rellan ríogh
sídh re ar ttenn do denamh dhúinn.
13 Guais don rígh-se adhaint n-(d)áor
fam dhíbert gan fhachain úadh
sáth beadhgaidh gach robhadh riamh
do cherdaibh cliar goradh gruadh.
14 Tren fileadh ’ga rádha riamh
do Mhaghnus dlighth[e]ar ar ndíon
da bfuilngeadh sé techt rer ttrén
do budh sgeal é ar an reacht ríogh.
15 Rioghradh Temhrach fa a thaobh nua
sa dá Aodh rer cenngad clú
a rath ar bráth buan a-tá
ga lá nar sduagh a rath rú. Truagh ...

483

Truagh na sgéil-se tig tar toinn
[RIA 491 (23/E/16), 378]
N’fedur cia [do] chan an duain ghúmha-so
{Diarmaid Ó Suilleabháin}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Truagh na sgéil-si tig tar toínn
mór ttruaighe a tteacht chugoinn^{s}
do chuir siad gan f[h]óghnamh (s)ínn
ní coghnamh iat dom intinn.
2 Rugach go hobann uaim^{s}
mh’íntinn uile re haonuair
mur do marbhadh briogh mo bhall
ní gníomh gan ádhbhar agam.
3 Gé hiomdha sgéal truagh nó teinn

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

do-chuaidh soir uainn a hÉirinn
fríoth fa dheoigh go nuaidhe a-noir
na sgeoil is trua[i]gh[e] air *talamh.
4 Mairg uain is cinnedh a cclos
tug gach áonsgéal dá bhfuaros
fa tháir is fá mhéala mé
sgéal[a] do chráig mo chroidhe.
5 Deimhin na sgeó[i]l a-tá re teachts
sul rainig(h) uaim a n-éisteacht
(in)a bhfoghar gach ua(i)r 'gár chlosa
truagh nách boghar do bhadhos.
6 Ní cóir taobh do th[a]bairt liom
's nach deachaidh mh'anam asam
le linn na sgéal do sgáoile[adh]
fa léan cinn na ccaomhGáoidhiol.
7 Mac mheic Cártaigh chláir Leámhna
mo thriath is mo thiagurna
féach an trua(i)gh(e) mé do(dh) mharthain(t)
is é ua(i)m fa allmurchaibh.
8 Aonmhac na mná ón Máig maill
truagh liom-sa a leabaidh *chaoimhthig
saorbheangán Gaoidhiol a *ngiall
aoinleannán aoidhedh Eirionn.
9 Crann bagair as a mbinn tend
lan beóil Múman na maoilend
ní théarnamh 'na dheóig acht dul
gan m'áonlán beóil fám bagur.
10 Ó tháinig(h) a thásg a-nall
ní bhia(idh) ré(i)m beth(t)aidh agam
cás an aonduine dá éis
tre *bhús m'áonduine d'f[h]aisnéis.
11 Ma[i]rg fuair do thurrus tar tuínn
tugais (?) a Thaidhg meic Dómhnuill
cúis mimhendma is déar dam
a fréamh fhinneamhna uasal.
12 Ní air Mhuimhneachaibh a-mháin [379]
bhias do bhás ionna dhiombáidh
t'éag a Thaidhg mur is léir línn
budh sgéal ann gach (áit) áird d'Éirinn.
13 Do leigis mór n-inmhe uaibh
air sheacht ttroightibh d'úir ionnfhuair
d'fios na Fraingce duit air ndul
coillte mo chuid dod(h) chonnradh.
14 Truagh liom-sa ionnad eile
san bhFraingc agat d'áirigh(th)e
a ghnúis iodha(i)n shéimh gan sal
is t'ionnad fein [go] folamh.
15 Truagh liom súil ag cách ad chuid

Roinn Léinn, Col. na Tríonóide, TCD

a mhic na sáormhná ó Shenduid
*do bhrigh ní buan mo mhendma
nách truagh tír gan tiagurna.

16 A thriath Leamhna na learg tte
truagh sinn tar h'éis gan oighre
acht *réiam (súl) [oile] ionn bhúr n-ionnad
léan leam chroídhe a chúimhníodha[dh].

17 Sinn fein do thuill ón ttria(i)th ccert
ár ccreacha uile a n-éinfheacht
do bheth mur taoi ní tu do thúill[s]
biaid[r] go bráth[r] fán ndoghruinn.

18 Más imtheacht d'oighre Dhómhnaill
a chnú gan chnaoi 'na chrobhuinn
'na dhédh(h)aigh ní sáogh(al)lach sion[n]
ár n-áonbhra(i)th d'f[h]eraibh Éirionn.

19 Truagh sinn [is] gan ár súil ris
ag dén(d)amh óil ná aoibhnis
truagh 'na dhédh(h)aigh sin[n] air suan
a dheaghail(t) rínn is rótruagh.

484

Truagh sin, a chinn mo chroidhe
[RIA 17 (23/M/27), 267]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Truagh sin a chinn mo chroidhe
lór dúinn d'ádhbhar eólchuire
mur taoi ar cuaille ós cionn Danar
si[o]nn *uait fá úrdhabha[dh].

2 Tú ós cionn na cceann eile
a nÁth Cliath cúis eólchaire
ar bárr gealchuaille a ghrádh ban
crádh lé mearchuaine Múmhan.

3 Mana truaighe táinig(h) de
tárla tú ar bheagán buídhne
a chinn chaoimhchéile chuain D(t)or
ré cruaidh laoich[fh]réimhe Lunndon.

4 Ó frioth tusa a tteirce sluaig
do díogladh ort re haonuair
gér mhór linn t'éachta uile
a chinn bréagtha banchuire.

5 Uaigneas aonlaoi riamh roimhe
níor chleacht tú a n-iath Iúghoine
a bhranáin fá bhfuil gach fear
t'fhaghail mar sin níor saoileadh.

6 A mhic Iarla learg Luimnig [268]
nár dhiúlt aon fa achuinghidh
a ghruadh rónár ar snuadh sugh

Roinn na Gaeilge, Coláiste Tríonóide, TCD

as truagh t'fhagháil ad h'uathadh.

7 Duit do gheallsad fiadh na bhFionn
tarrng[i]re(dh) fhileadh Éireonn
fá-ríor ní tháinig(h) as-teach
dá bhrígh a-támuid túirseach.

8 *Fios Múmhan ad thig ag teacht
do *chiúmais uile a n-aoinfheacht
gé fríoth gan aonduine ibh
a aodhaire chrích(e) Caisil.

9 A (ch)She[a]áin a chnú chroidhe
do bhréagnaidh tú an tarrngaire
níor síleadh cuaille tréd chend
a Ghuaire aoidheadh Éireann.

10 Do cheann do chur ós cionn cháich
ag so an fáth as nárbh fulair
fúibh budh coir Éire uile
a chéile cláir Ciarruídhe.

11 Ní chluinim ní chuala sinn
do chómhmór d'éacht a nÉirinn
acht rí(gh) na nGaoidheal Brian Breagh
tiar do caoinedh an cédfhear.

12 Ionann tárla dhó & duit
do bheansad Goill gníomh ordruic
cur 'na cheann riamh ní raibhe
a chend do Bhrian Bhóroimhe.

13 Ré dubhGhalluibh a ngort gliadh
do thuit mur do thuit ríghBhrian
a chneas seangmhalla a ghlac ghlan
a mhac meardhána Murchadh.

14 Brian chatha Dúin deimhin leam(h)
rugsad Goill a hiath nÉireann
a cheann tar a sáile soir
brágha dob fhearr a nOlltaibh.

15 Ceann tShe[a]áin neartmhuir Hí Neill
rugsad Goill anba an oilbhéim
go hÁth Cliath 'na mídhe a-mach
do sgiath tíghe na Teamhrac[h].

16 Iarla ordhruic dod t'fhuil féin
sa Droichead a dhreach mhínréidh
gé gar duit an te (do) [tor]chuir
do thuit sé lé Saxanchaibh.

17 Lé Danaraibh deimhin leam
ar thuit d'uaislibh bhfear nÉireann
fearann fonnmhín^{r} géagthrom [geal] (dil)
ní *fhédfuinn uile^{r} a n-áireamh.

18 Dá mairtheá do mhaithfinn dáibh
ar thuit a nÉirinn fhódbháin
budh bean *gacha coimdhe crioch Bhreagh

Royal Irish Acad. Cat. Ms. Col. na Tríonóide, TCD

doilge do dhíth fá dheiredh.
19 Do cheann ar cuaille a chruth thais [269]
a mhic soghrádhaicc Séamuis
a lámh dob fheárr ar dhíol duan
leam fá-ríor nac róthruagh. Truagh sin ...

485

Truagh sin, a dhreagan Doire
[RIA 5 (23/D/4), 118]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Truagh sin a dhreagan Doire
do chach is cuis eolchuire
an sgeal tainic uaibh far-íor
a-tamaid uaidh fa imshniomh.
2 Mas fíor ar haithrisiodh dúinn
uait a sheabhuic o sheanBhuill
adhbhar eolchaire f[h]uair sinn
do leonfuidhe uaidh m'inntinn.
3 Ní hé an sgéal nach sgéal doiligh [119]
taom tinnis dot ionnsuighe[idh]
do reacadh uaibh-si a ghlac gheal
a shlat is uaisle aigneadh.
4 Fían Mhacha na meirgiodh sroill
maithim-si do dhruim dobróin
dóibh uile ma taoi-si tinn
a Naoisi *fola Féilim.
5 Ná bí tinn a thuir Líne
go bhfíora tú an tairngire
a chraobh o ghégmhuigh(e) Gaille
na bréagnaigh na banfhaidhe.
6 N[á](í) bréagnaigh Colam Cille
na Fionn fáidh na fírinne
cuir do chánaidh ar Bhoinn mBreag
na sáraidh go foill Fítheal.
7 Ní 'na thráth a-taoisi tinn
is gur gealladh duit Duibhlinn
(i)s Boinn bailbhealtach na mbrat ngeal
a t[h]airngeartach mac Míleadh.
8 Cuir dhíot an tinneas a ttaidh
fóir ar shíol Eoghain d'éanláimh
's ar shíol mBriain 's ar chloinn cCarthaigh
boing a cciaigh do C[h]onoll(a)chaibh.
9 A mheic Se[a]áin Í Neill náir [120]
tógaibh suas t'aigneadh d'éanláimh
na bí ad luídhe a Aodh Eamhna
a laodh muidhe mímheanmha.
10 A Aodh gheimhlig a ghnúis dil

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ma a-ta tú tinn da-ríribh
tearc n[e]ach le mbeirthir do bhuaidh
a chleath Leibhthir is lántruagh. Truagh ...
11 Bí ar fheirg an Dúilimh dom dhion
a dhoirseoir duin an airdríogh
sleagh ina chíogh is cás cruaidh
a bhás fa-ríor is rothrúagh. Truagh ...

486

Tugadh an t-ár-so ar Éirinn
[RIA 7 (24/L/13), 52]
Eoghan Mac Craith cecinit
[Dated 1640 in qt 12]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Tugadh an t-ár-so ar Eirinn
ma(o)idhm bhus sine saoithchreidhim
fuair clár mionchuirmthe Meadhbha
ár críochnuighthe ar ccinnemhna.
2 Tainig(h) an tuile thairsi
long bhrisde an chríoch Chobhthaigh-se
do las pláigh fhíochmhar ionnsa
d'fiorchur áir na hEirionn-sa.
3 Dursan an t-ár 'sa[n] t-iolach
do chaill críoch na bhfuinnioghach
le pláigh bpeacaidh an uabhair
glecoin áigh is anualaidh.
4 Trúagán máthair na macámh [53]
crioch Logha as lia iomlatár
bean dall an ógnáir fhuileach
ag tógbháil cclann ccomhoidhech.
5 Cread acht mearbhall do mháthair
cumhdach cloinne soláthair
ri clann chíogh dhar chleacht colbha
fa neart na síol sósordha.
6 Fiu a cumhuidh fa clainn ndearbhtha
an Bhanbha as bean bhuaidhertha
clann síothGhall ceim ós a cionn
's a fiorchlann fein nach faicionn.
7 Ní thuigid teangtha ar-oile
críoch ilbhéarlach Iughoine
ag gleic fa chnámh cclann cCobhthuigh
dál dall da gach Danarchoin.
8 Tuigthe ar mhnaoi Neill a-nos
clann chothuighes clann leagos
fiu a gcreidhim (i)na cceann a-nocht
gurb fhearr d'Eirinn a hóghocht.
9 Máthair gan chla[i]nn Banbha Breagh

Royal Irish Acad. Cat. Ms. Col. na Tríonóide, TCD

clann gan mháthair mic Mileadh
bean Chuinn a ccor na truaighe
mar bhuing chon da céadchuaine.
10 Clann dar tháil céadnús a cíogh
'na ndíllechtaibh fa dhimbriogh
a-táid clannál bhronn Bhanbha
le farrán ndrong nDanardha.
11 Caoga(d) bliaghan cheithre mhile
do bhliaghnaibh na buainrighe
bíth gur ghlac neamhthruaighe a-niogh
do mhearchuaine mhac Miliodh.
12 Aois Chriosd ar cceapa[dh] na rann
ní fhuil 'na aincheas oram
nocha bréag é is féagh ar fad
sé chéad déag is dochad. [date 1640]
13 Trom do mhícinéal mhna Cuinn
tri gluine ó rígh go rámhuinn
aga clainn chíogh is ochta
do thoill a díol dúthrochta.
14 [A]n t-aonmhac-so as disle dhi
comhduigh a chodhnuigh nimhe
tréanshlat don fhiodhbhuigh as f[h]earr
éanmhac ionmhuin na hEireann.
15 [I]arla ó cCais a Chriosd neamhdha
ar th'iocht a-ta a thighearna
tuile na tráigh at innse
na báigh uile [an] Eirinn-se.
16 [...]uim 'nár n-easbuidh oile
Donnchadh Ó B(h)riain Bóroimhe
bas bleighe[adh]throm nár bhaigh mionn
eineac(h)lonn áir na hÉirionn.
17 [B]aránt[a] [bh]aincheann nimhe (?)
toghuim an Oigh ainglidhe
[...]nach tugadh lamh linn
tugadh an t-ár ar Eirinn. Finit

487

Tuig, a dhuine, do dháil féin
[TCD 1356 (H.4.15), 275 (third copy)]
{Ua Eidein?}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Tuig a dhuine do dháil féin
cuímhnigh gan (a) bheith ar baoithchéill
ag síorchur do *chúrsa [i] *ccóir
gan dioghlamh uilc na uabhair.
2 Tuigthe dhuit cuímhnigh choidhche
dá mbeitheá a n-aois aonoidhche

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

nách maireann cuire a-né a-niugh
do ré a dhuine ’na deireadh.

3 Tuigthe fós is fáth tuigsi
a dhuine ná dearmuid-si
críoch gach *uile do ghnáth ad ghar
is blá(i)th do cuirp ar ccríona[dh].

4 Tuig madh áill t’aghaidh ar neamh
feárr a dhuine fá deireadh
más fior daibhrios is dochta
na saidhbhris *saobh saoghalta.

5 Iomdha *áit lé bhfúighter so
fios a n-abruim ó Íosa
as í an bhoichteacht ceann a cceann
furtacht is f[h]eárr ar ifreann.

6 Fuair Íosa féin ga feárr feas
fáth nách dlighter a dí(gh)mheas
dár bhfurtacht dob éigion trom
boichteacht nár fhéidir fhulang.

7 Ar mbreith Dé san mBeithil mbinn
do Mhuire inghíon Ioacím
dá[r] cómhfurtacht do bhí a mbruid
róbhoichteacht di do dhéarluig.

8 Ní thainig ógh ná *apstal [276]
a ttruaill chriadh dár choimhmeasta
nár ghabh roinn lé boichteacht báidh
dhóibh budh furtacht a f(h)agháil.

9 Tuig a dhuine a rádhuim ribh
madh áill rochtuin an ríghthigh
seachain thall^{r} caomhannta cruidh
maith^{r} saoghalta ná sanntuig[h]. Tuig ...

488

Tús ratha rogha deilbhe
[TCD 1385 (H.5.13), 117]
De beatae Virginis laudibus
Diarmud Óg [Ó Maol Chonaire] cecinit
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Tus ratha rogha deilbhe
ruisg ghlasa glaca liobhra
dath án óir ar a folt^{r} fionnchas^{r}
rath deilbhe^{r} ar án Óigh (i)s íomdha.^{r}

2 Fúair mar gach áenmhaith eile
búaidhe sgéimhe tar án uile^{a}
fúair rath do réir a croidhe
gloine nó (g)a(ch) dath méin Mhuire.

3 Toil rígh na n-ó(i)gh nírbh *íonghna
a coir da taobh go ttaibhgeadh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

muin ccas is ceart do coinmhedh
dearc mar oighre[adh] bás barrgeal.
Ben a dealbhtha is díol toile [118]
frith(e) da tarbha teg nimhe
do cheil si(n) olc na n-uile
corp Muire mar li(th) lile.
Diol searca a gloine a [n]gniomhuibh
do Mhuire is deisi déana[i]mh
tarla rí(gh) dhúin ín *Duileamh
dúil os *duilimh í ar fheaghuin.
Mathair rígh go ro ndeilbhe
ar a gníomh is cóir cuimhne
dul di nír fhéad a hoighre
bi dar ccóimhdhe a shéd suirge.
Tarlá toirceas di ar déguair
as a bfrith coimhdhe a ciníl
suil ris án Óigh nírbh *fuilear
coir rodhoig a huir inshil.
Fúair mair gach rath deilbh(e) dáona
slat chnuais dobadh f[e]ar[r] fiodhbha
[...] gan ghoin na grían nóna
niamh na hóige d'fuil Eua. [119]
Tig da(i)r siúr fa sealg iong(h)nad[h]
a(i)r siúr an tann do toirrghead[h]
líon leisin Óigh do hinnlegh
rúin[r] ar inbhir a cioch *ccregeal
Tug an O(i)gh ní dail docha[i]r
a pór ó bhas go bheatha[i]dh
a ttús a ré is da rathaib[h]
rathoil Dé a ndlús go ndeacha[i]dh.
Mo choimhdhe ar cóir a dalta
don Oigh cá foirfe ferta
dia Lúain do lúaidh a mholta
da ghrúaidh chorcra ar snuadh sneachta.
Tarla aig an Oigh go hoircheas
planda do phor Pa(i)rthas[s]
díon caig ag tocht da (t)torc[h]es
tromchnes go bfolt blaith bar[r]ghlas.
Trid nach bhfasad a(i)r bfolta
ri(gh) mar (do) tháinic ní thiogfa(dh)
mor do-ní ca ní is deacra
ri(gh) iar dteacht[a] a ccli(th) gan *cheanta. Tus ratha ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

489

Uaigneach a-deirthear Dún Baoi
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 162]
Tadhg mac Díarmada Óig I Dhálaigh cecinit
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Uaigneach a-deirthear Dún Báoi
ráth mháordha an mhuighe fearnaoi
múr meadhrach na bfháoinfhiodh bfhionn
teaghlach aoidhiodh na hÉirionn.

2 A-táid úaigneach re haimsir
faighthe an dúnuidh dioghain-sin
srotha ionmhalla a ngort nglan
port dhioghlama na ndeoradh.

3 Gus an teach a-tá fa sgís
cumhuin lióm la go mbeirdís
cuairt síar gus an bfharge bfhinn
clíar gacha hairde d'Éirinn.

4 An aith[bh]e gidh úaigneach dhi
fa Dhún Báoi na mbárc n-úaine
gach sruth mín longbhan 'mun lios
dó-chín[n] lómlan do loingios.

5 Bás a choghnuidh céim neamháigh
éag Eoghuin Í Shuillemháin
tug an fhaighthe an tráigh an teach
cláir na haibht[h]e go huaigneach.

6 An baile ro budh buighneach
dá mairedh flaith fíanbuighneach
caladh bá lán do loingsi
róghar dá n-ádh attoirsi.

7 Do bá luchtmhar na linnte
ag cabhlach chrann n-inillte
a Sagsuibh na síothbharc bfhionn
is d'amhsuibh fhíorthracht nÉirionn.

8 Do bá cumhang an cúan glan
ag loingeas oirir Alban
's na tonna fa línibh long
a tíribh lonna Lochlonn.

9 D'fhoirnibh líomhtha long Sbáinneach
do bhíadh an cúan conghaireach
do ba cúan líonmar an loch
treasan sluagh bfhíorglan bFrangcach.

10 Dó bhiadh folach na faighthe
uirre d'óguibh armghairthe
dó bá haimhreidh [t]hall as-tigh
ainréim ann ag na héigsibh.

11 Do bhíadh do bharr na toinne
a leith umhla is urroime
an bhuaile láochlong tar lear
claonchrom do ghuaire Gaoidheal.

12 Comhumhal re crích Bheirre [163]
gan fhormad(h) gan aimhréide
do bhiadh líon gacha loingsi

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

ag díol f[h]iach an Eoghoin-si.

13 Tiocfadh d'áonghuth Eoghuin óig
an tan budh aibhle a n-urchóid
fearg neartdhrong mhúir moghadh[s]
tnúidh na n-eachtronn d'ísliogadh[r]

14 Eigsi Banba na mbreath ttréan
ón lo nach mair mac Oiléan
ní d'fhéin an iathuir fhéachuid
'ga ttriathuib féin fuireachuid.

15 Tug treathan na ttonn muire
is cáoine b(e)an Beanntruige
's tug fearta fhearcho(i)n Eanuigh
neamhtho(i)l eachtra ar fhileadhuibh.

16 Ní sheóluid a longa a-le
ón úair teasda fear Faoide
cúis na ndeoradh is líach leam
ag seoladh tar iath nEireann.

17 Rath in mhara measuid soin
d'imtheacht uile d'éug Eoghuin
snuadh aighthe an cháomhchúain do chlódh
gaothbhúaidh na haibhthe d'iompódh.

18 Do thréig an tan-so a toradh
fearcc na mara ag meadugadh
nír nocht trá a nimh gus a-niudh
a-tá sin mur do sáoiliodh.

19 A-ta mur an muir a-moigh
ag deilbh maoithe mheic Eoghoin
céim gargluath na ngoirmshreabh s(h)eang
ag foighredh ardbrúach Eireann.

20 A-táid ag cáoi uma chéibh ngloin
an tshion an úir an fhiodhbuigh
ag cáoi tré coghnach bheann mBredh
fordhath na reann ag ruaimhnedh.

21 Mur sin dóibh athuigh oile
duile Banbha bráonoighe
fá hainmhín a ccor 'má ceann
ar ndul d'airmrígh na hÉireann.

22 As é an rí(gh)-sin reacus me
mac ordhruic Áodha Sláine
nathuir chrodha baothchlann mBredh
sáorchrann far chora cáoinedh.

23 Do bhí Éire an fhochuin ghloin
go dul do Díarmuid Ruanoigh
lán d'fhorghrán mhuighe do mheas
comhlán don uile áoibhneas.

24 Do shearg cnúas a coillteadh bfhionn
do chláon rath innbhior [n]Éirionn
tar gach aonbhúaidh da eag sin

Roinn na Lámhscríbhinní, Col. na Tríonóide, TCD

an géag aolghrúaidh Uisnigh.[s]

25 A hadhra[dh] Airdrí[ogh] nimhe
a los umhla is aithrighe
do bhí gach lanbhúaidh ré a linn
an rí do árdluaidh Éirinn.

26 A dhóthchas a nDia athar
fuair sin cách do cheannsachadh
búaidh ccatha no ciorrbadh corp
ionnramh ratha & rioghocht.

27 Séan d'éirghe lé éarla glan
amhluigh sin do f[h]úair Eoghun
ráinig sé sídhchladh na sean
a fíorthal De do déneamh.

28 Nir dhearmad a dhreach iogha(i)n
eagla dhiochra an Duiliomha(i)n
teasda sé na siorlár sin
a bhfíorghrádh Dé do dhaingnidh.

29 Ba háointeach aimsior bfhada
do bhí mac mheic Díarmada
lan d'fhírmhéin mháorda mhaithmeach
mínreidh áobhdha urnaightheach.

30 Do lean dhe diaghacht chroidhe
fúair áirsigh fhoinn Bheanntroighe
gach áonbhúaigh ar aba sin
gaolbhúain aga re hainglibh.

31 Do bhí meidhe na muire
do bhí an talamh toghuidhe
bárr na sgath donnghrán na ndreas
comhlán do rath 'na réimeas.

32 Ro budh suaimhneach na sreabha
fa háluinn na hairgheadh[a]
fá corcra ceannbhrat na néall
do deaghmhac ochta Oilean.

33 An ionbhuigh bá fear faire
d'iath Bearra & Beanntraighe
ar feadh na ccríoch bf(i)onnbláth bfhionn
bá comhghnáth síoth is soinionn.

34 An úair-sin ba trom ttionáil
tír toiceach síl Súilleamhain
tír gan áonrath 'na heasbhoigh
an tír aobhdhath ailghean-soin.

35 A-niogh a n-éagmuis Eoghuin
ní sáimh do[n] eing ilcheóluigh
tír an chneasghloin gan bháidh mbreath
dháibh 'na easbhoigh is úaigneach.[x]

36 Ar tteach turuidh treabh nimhe
an Ógh iochtmhar ainglidhe
tiocfa dhi ar ttaghall san teach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

nach bí ar n-anam go huaigneach. Uaigneach ...

490

Uaigneach sin, a cheann Aodha
[O'Conor Don, 225a]
[Rannaíocht Bheag, Ógláchas]
[Dated 1600 in qt 9]

1 Úaignech sin a chenn Áodha
sibh at áonur dob annamh
radharc ort ó nach bfhuighinn
trúagh nach bfuilim ath farrad[h].

2 Nír sáoiledh do bheith amhlaidh
ge a-táoi a n-ádhbaidh fholuimh
a chinn nar luidh ar eittrén
éinsgél riamh ní frith oruibh.

3 Ré linn do sgeóil do sgáoiledh
d'féin Ghaoidheal ga mo pudur
tuc sibh a chinn ó nUidhir
fód fuinidh a cces cumhadh.

4 Cenn láoich do rad [a] f[h]reiteac
gan nech d'eiteac ar domhan
cenn do sháoil cách do cháomhna
cenn Áodha mic Con Connacht.

5 Cenn láoich nár dhiúlt deóradh[s]
cenn leomhan mhuighe Macha
cenn dob fearr fos as féile
do rad Éire a láimh Dhanar.

6 A-niugh ge tá 'na thaisi
cenn ghaisgidh Gáoidheal ghlainfhíal
a corp thíar cían bhus cumhain
áoibhinn don Mhumhain Maicníad[h].

7 Ní síth dhoibh is ní cogadh
ní codladh dóibh (i)s ní dúsgadh
gan triall Áodha 'na ngoire
sáoth lem croidhe fian Chnoca.

8 Do dhorchaigh grían a soillsi
ní léir ar choilltibh toradh
cosg ní bfuil ar *dheóraibh Domnaigh
a ndeóigh chódnaigh chlann cColla.

9 Sé céad as míle bliadhan
do réir ríaghla go follus
ó ghein Criost cenn ar ccáomhna
go bás Áodha meic Con Connacht.

10 Sibh gan éinneac at fharradh
tug fían Shaxan go súaimhneac[h]
a chinn-si a coirp mo croidhe
tú nír minic go húaigneac[h]. Úaignech ...

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

491

Uaigneach sin, a Chinn Choradh
[O'Conor Don, 303a]
{Domhnall (mac Giolla na Naomh meic Mhaoil Eachlainn na nUirsgéal) Ó hUiginn}
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Uaigneac sin a Chinn Choradh
síol mBríain ca mó merughadh
ag dial ré háitibh oile
nar áitigh Brian Bóroimhe.

2 Riograidh Banbha úair éigin
ad mhúr-sa a mhic Cinnédigh
mí áoibhill ón dubhach dhuit
a thulach áoibhinn orrdhruic.

3 A Chinn Chorадh na ccorn sen
a mbidís gasroidh Gáoidheal
tech folamh ní bhíadh ad brugh
Brían da maradh nó Murchadh.

4 Donnchadh mac Bríain an bha[i]rr thais
'má mbidís óig an Fhorghais
gé a-táoi a-nú úaidh at énur
tú gan uaim ni fhuilengadh.

5 A ráith fá toghtha teghlach
a mbíodh Tadg is Toirrdealbach
lé a ccuirthi a lomlán ad lios
ní fuighthi ar h'orlár uaignios.

6 Giolla Barrbhed fa búan bladh
Dullang Airmdearg is Eogan
féchtar libh an iúl arsoidh
ag sin triúr don cetrar-soin.

7 Da mairdís a Chinn Chorадh
Baiscenn Corc réd chórughadh
gion go mbe(i)th tríath ar Íbh tTáil
ní bhíadh do thech gan tógbáil.

8 Fada go bfuileóngadh soin
Donncúan da mbeith 'na bhethaidh
mar táoi a-nocht a Chenn Chorадh
a port dob f[h]err ordughadh.

9 Conuing as Cían mac Maolmhúaidh
Domhnall mac Eimhín Armrúaidh
triur do láochroibh an lesa
cáomhthoigh gan *dúil n-úaignesa.

10 Gé taim 'ga n-áiremh uile
lucht thoighe Bríain Bhóroimhe
medh don f[h]oirinn-si dob f[h]err
ní fhoighinn-si ar fhedh nEirenn.

11 A ráith áoibhinn uair éigin [303b]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a mbíoth Brían mac Cinnéidigh
béroidh foirenn oile ort
roigerr go bfuighe furtocht.
12 Fuarais úaignes an-allain
faill fesda acht a bfúarabhair
ní dóigh linn d'f[h]agháil ort-sa
a Chinn chladhbháin Choradh-sa.
13 Líonfaidh ar ttecht a theghlaigh
fa mac Taidhg mhic Toirrdhealbaigh
ar faithche lomláin do lis
conghair [a] (t)h'aithle th'úaignis.
14 Dál cCais fa truime teghlac[h]
ag tionól fa Toirrdealbach
mar bhuighne na tána ag tocht
bruíghne lána in gach longport.
15 Tiocfaid(h) a ttús an teghlaigh
lucht an erradh ildhealbhuigh
'na slúaghbhuighnibh núaidhe a-níar
TúadhMuimhnigh úaidhe ar áonríann.
16 Macradh óg erradh núaidhe
co Cenn Choradh craobhrúaidhe
ó Chlíaigh íobhraigh a hAra
d'fhíodhbaidh í Bríain Bhóramha.
17 Buighen ghenmnach a mbeirtibh sróil[s]
tiocfaid(h) a ttús an tionóil
acht iolfháobhair 'ga n-amhsoibh
ionáonuigh an fhedhan-soin.
18 Gasradh leis a ngéubhtur trén
tiogfaid(h) leis ó Chloinn Chuilén
láoich thoghtha go Cenn Choradh
geall orrtha ré hullmhoghad[h].
19 A cCenn Choradh ó Chorcum Rúadh[s]
tiocfaidh bró fhuilech armrúadh
gúais d'ainbfhine an snáithe slóigh
fáidhe ag tairngire in tionóil.
20 O Bhrían na mbleidhedh n-arsoidh
rachoidh da ttí an teghlach-soin
gerr na búdh aittreabh fholamh
go Cenn slaitgheal senChoradh.
21 Ní raibhe re ráith Themrach
Brían ó tháinic Toirrdhealbach
ní bhiam ré tech an trír-si
da mbeth Brían do bhei(th)mís-ni.
22 Búdh í an tulach thair Temhair
comdháil gacha cóigedhaigh
bíaidh a-rís 'na Cenn Choradh
ga ferr fís da bfhacamar.
23 Cenn Choradh ar tegh Temhrach

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

créd fa ttréigfedh Toirrdealbach
gar gach éunghar da ursain
an féurmhagh glan gríanach-sain.
24 Tech Chinn Choradh a mbíodh Brían
gar dhó mínlech is moirslíabh
gar medha óna mó menma
gar dhó fledha fínemhna.
25 Fogus fíodhbaidh chnó ccúb[h]ra [304a]
don dún áoibhinn allmurdha
do shín an tSionann-sa ris
'na sriobhfhonnsa mhín mhilis.
26 Srotha millsi na Máighe
tolcha Mumhan mionáilne
gairid síar ó Chionn Choradh
'nar mhían le Fionn fledhughadh.
27 Gerr úadha ré heirge a-mach
fa chuigedh Chloinne Magach
gerr ó Chúan Luimnigh an lios
gerr Muimhnigh úadh 'sa n-áoibhnios.
28 Gerr Laighin don leith oile
on ráith-si í Bríain Bhóroimhe
cáin Laighi[o]n thair go ttaibhge
aigheadh sair da seolaim-ne.
29 Rí Éirionn as é a ionadh
tulach na ngort ngéigiodhan
ferr an tulach-sa Temhair
comursa gach cóigedaigh.
30 Ag so an tulach 'na bfuair Fionn
sgél uaigneac[h] d'f[h]ianaibh Éirionn
fuair dona fíanaibh fer sgél
[30d not in ms]
31 Ar suideachadh dhó na sealg[a] [see 32a]
lé Fionn na ccráoiseac ccróiderg
fa leirg sholais Cinn Choradh
linn forais gacha healadhan.
32 Ar suidhechad na sealga
fan leirg súaithnidh shoinenda
fionnshlat nacar fhuluing oil
Fionnmac Cumhaill do chodail.
33 San chodal do-connairc Fionn
rí da ccreid inis Eirionn
gur tuit tegh a cCionn Choradh
seal d'F[h]ionn ar an ordugh[adh].
34 Dar leis féin feirde a mhenma
a ráith na bfledh bfínemhna
ní raibhe ní d'esbaidh Fhinn
do bhi an tegh-sain ar ttuitim.
35 Tarfás dhó tuir an toighe

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

ag cóbhlach mor murchoidhe
a-rís da mbúain as a mbun
fúair [an] f[h]ís ina hiongnúdh.
36 Do-chí damhraidh Chi(o)nn Coradh
san chod(h)ladh ag cathoghadh
techt slán ó chéile a ccrioch
nó gur lán Éire d'eis(h)íoth.
37 Do t(h)aibhredh dhó 'na dheghaidh
bró merdha do mhíledhaibh
san tulach a-níar um nóin
ón Mumhain ag tríal tionóil.
38 Do-chí a ttosach an tionóil
do chabhair chláir Eiriomhóin
don damhraidh do bhen a mbrón
fer an chablaigh do chláochlódh.
39 As a aisling mar do éirighˢ [304b]
do innis Fionn flaithfheinnidh
sa ciall an uair-sin uile
fa uaislibh fhían nAlmhuine.
40 "Geubhtur Éire úair éigin
lé Brian mor mac Cinnéidigh
búdh í ciall na fisi" ar Fionn
"an *sí-si ar iath nÉirionn."
41 "Ciall a tighe tarfás damh
do thuitim a cCionn Chorad[h]
tuitfidh Brían tuir an tighe
as ciall 'ná bfuil fáisdine."
42 "Tar éis Briain an bha[i]rr leabhair
lingfid Goill ar Ghaoidhealaibh
lingfid Gallgasraidh an gort
an cabhlach-soin ad-connorc."
43 "Temhair ar ttuitim do Brían
bíaidh a-rís athaidh imhchían
na budh dóigh d'áoinfhior da f[h]uil
d'fóir Ghaoidhiol acht do Ghallaibh."
44 "Gé dubadh dhi a ndubairt me"
do tairrngir flaith na Féine
"gealadh síon a ndíaigh dubaidh
do shíol mBríain is baramhail."
45 "Tar éis Bríain athaidh eile"
canais fer na fáisdine
"tiocfa cnú óir da fhíodhbaidh"
dom dhóigh as tú a Thoirrdealbuigh.
46 Giodh tusa do thairrnger Fionn
mur do-chím a rí Ráoilionn
Goill a-nú ar máoilinn Midhe
sáoilim nach tú an tairrngire.
47 Tar éis chatha Chlúana Tarbh

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

a mic Taidg na ttreas n-athgharbh
créd fa ngéubhmais ag Gallaib
fégh an énfrais f[h]uaramair.
48 On tuinn-si a-ta fam mhenmain
d'fhíonfhuil Táil a Thoirrdhealbaigh
cuir súas do Ghallchath as gar
gúas don art[h]rach is anfad[h].
49 Tonn tsíthe lé mbrisder brúaigh
d'fuil Chais í Conuill Eachlúaigh
do sgáoil an fonn-sa dha f(h)eirg
an tonn-sa 'na cáoir croidheirg.
50 A mic Táidhg a tháobh solus
féuch fa Éirinn th'urradhus
as tú as úaisle d'fhóir Gháoidhiol
úaibh-si is cóir a ccommaoidhiomh.
51 Tú an rí ós rioghaibh Banba
fuair misi mor ccomhardha
dhíobh sioth & síon teasbaidh
díobh gan fhíoch gan imresoin.
52 As dáoibh gan crann a ccoillidh
gan bheith cláon fa chrobhoingibh
ní faghtur tráigh gan tor(t)chor
láin thoradh gach tóronnchladh.
53 Druim gach tulcha 'ga treabadh
inber Fhód(h)la ag isleghadh
lán do donngrán in gach déis
lán gach orlár da fhaisnéis.
54 Tugais tes don gréin gheimhridh
tugais tairthi a Thoirrdhealbaigh
gan díoth a n-éining da huaim
ód tshíoth a nEirinn armrúaidh.
55 "Tiocfa Toirrdhealbach da shíol
benfus d'Éirinn a himsniom[h]
deimhin liom & [í] (a) d'(h)ionnlach"
ar Fionn "da ttí Toirrdhealbach."
56 An cumain léd ceibh sgathaigh
Sádhbh inghean Cuinn Céadcathaigh
don mhnáoi-si budh masla linn
mar táoi-si ar asna d'Eirinn. Uaigneac ...

492

Uaisle cinidh Clann Shuibhne
[O'Conor Don, 387b]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Uaisle cinidh clann tShuibhne
d'ighibh na nGall a ngeimhle
ag ol cúach rí chloind tShuibhne

Roinn Bhéaloideas Éireann, Col. na Tríonóide, TCD

Goill ag suirge a mbruach mheirghe.[a]

2 Do cloinn ChonuillNéil[l] roimhe [388a]
crobhuingméin don chlainn eile
síol Neill is Niall da bfine
da degh[r] thoigh[e] um íadh nEine.

3 Mac Suíbhne cenn a chine[idh]
rén cuibhdhe tenn um thoruidh
um chlár mBregh ttreabur bfuinidh[a]
ní fhuirigh feranr d'foghail[a]

4 Búdh triath donnbreaghmac Úaine[a]
Toirrdealbach ó íath Íle
rí oile tre f[h]er nÁine
ben táige roimhe a righe.

5 Mna ag phógshuirge ar broinn barrún
rí(o) chla[i]nn ógShuibhne ar oilén
tech da shlúagh mbarr ag miodhól[a]
da tionol crann ruad roigér.

6 Tug a fhoghail ar impir
do sgoloibh gé thug tenncor
um chlár mBregh tre thuir tTaillten
tairgter tegh tuir ar thempol.

7 A sgáoile ag mac Mháol Mhuire
camr a nglac ré na ngile
d'feichiom rígh Bregh a mbaile
fer faire gan fhín d'ibhe.

8 Do iarr fairrge ar nár urmais
ar ttriall ar bfairrge bfhionnghlais
tug ar snámh a Muaidh merghlais
a mhám d'englais fhúair ionnmhais.

9 Cennchoidh s[o]in dán gan dénam
dan lé sgoil aga sgríobhadh
do bhí fa dhigh 'gan dúnadh
dúnadh fhir Lí gur líonad[h].

10 A crann ga crann is ríghne
a lann ga lann as daing[n]e
ar arm ag mac seng Suibhne
cuimne prap um chenn Cairbhe.

11 Derbtur fáobur airm úaine
a mbáoghal re báidhbh Sgoinde
a ccomhdhail budh díol dáimhe
fainde ríogh bhonnbháin Bhoinde.

12 Mac Suibhne ó fhíon ag ealódh
go síth ag suirge os gríanál
ionnluidh ben barr a nuaidhmhér
d'fhúaighel cnedh Gall 'na gríanán.

13 D'éis doirre ré mnáibh malla
do-cháidh 'na coinne hsíodha
ag triath mór Mhuighe Léna

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

luidhe um shéala ag ól fhíona.

14 Cantur re cleith sháoir sholáin
da reith ar cháoin a coiléir
sgéula ad luing a uaimh ainiuil
tar tuinn ttaighiúir nfuair n-oiléin.

15 Cúaich go n-ór fad t'fhíon mbruinnte
don ór do líon na linnte
f(h)ás ód triall-sa thoir Taillte
airgfe a bfoil d'íarsma innte.

16 Linghe treasa as clár Cairbhe [388b]
ré hágh dha cresa coimhdhe
láoich ad mhúr a Mheic Suibhne
cuimhne ón gleic im dhún Dóigre.

17 Go trath loighe um Bhoinn mbreicghil
doire sróil ar bar(r) slatuibh
binnsi réidh ad luing lethdhuibh
sreth[t]uir fa chéir ttruim ttapuir.

18 Albanuigh ad luing leabhair
ar tuinn ardomha[i]n d'fhoghail
do cor a rí um chenn cCaluidh
ní fhaghuib dream í oraibh.

19 Mall táinchrech mhuighe Málann
'mad(h) doire ngáibhthech ngér[re]ann
réidh réd linn-si an clár ceómall
feórann bhán innsi Éirenn.

20 Gormmuir Bhanbha a bhen Ír[e]
ben th'faghladh foghluid Éile
do bhíodhbha a rí geal Gáille
a bhen táighe as í Éire.

21 Laigheng mhall re Mac Suibhne
mur da ghlac crann na Cairbhe
coímhdhe oile a crios coimdhe
slios coínnle gloine gaillbhe.

22 Da chúan na cúrad ghléghil
slúagh Fánad aga n-íarruidh
tosach deabhtha doimh bhúruigh
gealchna úraigh ghloin gríanuigh.

23 Bric gheala lámh ré longBhoinn
ag ál eala da n-áimhdheóin
cod(h)laidh fer ós linn Lomhnáin
ré fedh comhráidh bhinn bhailbheóin.

24 Ubhla corcra ar bruinn Bhúille
a ccoill chorcra ré chéile
gonuigh linn mhoighe Múaighe
rinn sdúaighe gloine géire.

25 Mac Lasrach Fíona fionndhubh
mac bhaslach fíona a bfainnibh
sreabh 'na sdú(i)aig ghil tar glúinibh

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

da nigh lúirigh fhúair fhainnigh.

26 Re gribh mBregh na ccrann ccroibheg
do sgáoil ben a barr núalag
sgabal fa ghéig bféil bFánad
bréid braghad Néil is Núadhad.

27 Ceir ar na cur ar lasadh
ar léim ina loing laision
do chennuigh sídh dé dhosan
ar osadh rígh Cé um Chaisiol.

28 Toirrdhealbach gé tá ar glanmhuir
mná i loingbreagh(aa)mach da lenmhuin
Mac Súibhne a[gu]s é a n-iomdhuigh
diongmhuidh sé buídhne ar bernuigh.

29 Cuirn 'ga ndáil ar bharr Banna
go mall ag na mnáibh fionna
roinnter eich aice orra
longa ar creich slaite Sionna.

30 Sgáoi ghadhar ag fer Fréumhann [389a]
da len caluidh cnódhonn
proinn an ríogh ó chlár Cúalann
fíon núadhonn ré mám mónonn.

31 Tug an ioghanchill échda
ar fud Iubharchinn trachta
nocha bí fa fhonn Eórpa
long sheólta acht sa mí Márta.

32 Mac Súibhne ón Bhanna bháin-si
erra gan doilghe ór nduais-ne
rí fa bhladh da mbé as-tír-si
gar don rígh-si é a n-uaisle. U.

33 Ben Mic Shuibhne ó shíth É[n]du(ir)
eala Náis do-ní réidhe
gach mer do bhais ghil Grainne
tré igh fhainne chais chéibhe.

34 Inghen dhércach Í Dhomhnaill[r]
drech fhíal as f[h]err um dhaghdhúais
cloch fa gribh Bhregh da boinnghéis
troimghéis gheal mhín do mallghlúais. U.

35 Conna mac Fionntain fáthach
fúair díon is díon dar ngúais-ne
do bhí a n-úaidh 's gan é a n-ísli
dísli Dé f[h]úair ré a úaisle. Uaisle ...

493

Uaitne an einigh i nOil Finn
[RIA 743 (A/iv/3), 789]
Maólmuri mac Iollainn Í Máolchonuire
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

1 Úaitne an einigh i nOil Finn
do choisg lúaghail lethi Cuinn
an fhuil ríogh do chách ni caim
ni díon coill ’sa bláth do bhoing.

2 Tré úaitne an einigh i n-úir
an úaisle ceiltir fá chríaidh
mar fhiodh gan brigh arná búain
do-chúaidh ar gcion dinn ’na dhíaidh.

3 Sáobhsruth ar nach bfoghthar faill
an orchra as báodhlach dar mbuing
snámh gacha hÁoine i nOil Finn
ag sgoil ar linn cháoine ó gCuinn.

4 Deór dhuinndían ’gá ferthain fáoinn
dearg[aidh] ós Uilliam a n-úaigh
bráoin derga ar talamh rém tháoibh
mar cháoir gcerda ó ghoradh gúail.

5 An ghrían ní coisgter ’gá cháoi
do athraigh a níamh ó a-né
eóin ’gá cháoine um fhionnmhagh Áoi
dáoine ag cáoi gár bh’iongnadh é.

6 Sgél do bhrosd confadh an chúain
a dhol do dhorchuidh gach dúil
rug a bhás a cion don cléir
fiodh gan fhréimh ní fhás a húir.

7 Cú Chuloinn fá búaine bladh
úaitne fulaing clú do chor
ag cáoi an táoisigh do bháoi ben
medh don cháoi-sin cáoi na Con.

8 Ó Flannagáin frémh ar mbróin [790]
ar lén ag athfhadógh úaidh
ben ag térnamh dhá tír féin
do shín a gcéin enghul úaidh.

9 Ní lór toirsi gan dhéir ndoinn
tar éis ar gcluithi do chaill
tugas mh’agaidh ar Oil Finn
samhail sinn do choin fá a cloinn.

10 Bíaidh barr datha ar deruibh dhúinn
clann Chathail má fhéghtur uainn
lúth nach bí i n-eitibh na n-én
do-ní mo dhér d’eitil úaim.

11 Ceann tháoisioch Connacht i gcríaidh
ní cosmail nach cáointi dhúinn
damh na ríghealbha ar ndol díbh
as cor síl fhínEamhna i n-úir.

12 Cían dóibh ó dhortadh a chrú
fían Chonnacht gan bhrón ní bhía
téd i mbasaibh ban go beó
gal nach teó lasair fán lía.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

13 Biodhbha[idh] ní thaighlid dá thír
go hiomchar a ainchin úaidh
fios a adhbhair aga féin
fada léim th'faghlaidh ót úaimh.

14 Mór slóigh dob oirdearc as th'ucht
fán gcomhraidh go nóin a-nocht
clár fá a fhoirinn féin an fert
ar ttecht do freimh Oilill ort.

15 Clíar Bhanbha ag teacht da gach táoibh
ar an bfert go bhfaghthar dóigh
barr núaghuil gach Áoine ar úaigh
clúain as dáoire ó bhuannuibh bróin.

16 Lion cean do choimhíarr gach cúan
fá t'fert a Uillíam do íadh
mór an lucht reilgi lé ríomh
a mbíodh fád mergi i ngurt ghlíadh.

17 Do lía luighi as dúthaigh dhúinn
lé gach duine a dhúthaigh féin
mar léim soighe i gcenn a cúain
an croidhe ar h'úaigh leam ag léim.

18 Do luigh orrthuibh d'antart deór
ón mbanntracht nach bfoghthair th'úaigh
trían ag na mnáibh reampa ríamh
da ttrían th'ferta dob áil úaim.

19 Sleagh dob fhaobraighe i ngort gháidh [791]
a náomhaoidhe ag tocht ré a táoibh
fa cailg mbeich ni báodhal búain
th'úaigh 'na háonar fán gcleich gcáoil.

20 Ní hionann cumha 's ar gcrádh
umha ní hionann is or
siorthar th'úaigh-si ar fhedh na n-úagh
dúal an fhledh as úaisle dh'ól.

21 Nó go bfaghuim mh'iomghaidh féin
ní fhanuim ar iomgaidh thsúain
ní fhéd sinn codladh ar chlúimh
do togbadh dhúinn inn ar th'úaigh.

22 Deór do tháobh mh'aighthi in gach aird
mar badh cháor a haithle uird
tig do dheóir an deallraidh dheirg
leinbh um dheóidh ag lenmain luirg.

23 Slegh dod gháibh nach ttáobhaid(h) tóir
ód bhás ní báodhal a búaidh
tairnic neimh na sleighi sídh
bídh mar gach sleigh eile ar th'úaigh.

24 Dob fhiú an sgél do reacadh rum
ní fearthar dér acht dér dhonn
fada lá san toigh-si thall
as ann a-tá an toirsi trom.

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

25 Láoich ag cor duinnníamh ar dheóir
a Uilliam fád chor i gcríaidh
déra corcra do fher úaim
ar th'úaigh mar fer ngonta ó ghlíaidh.
26 Iomdha deórfras 'gá dáil air
ar n-eólas fá chach do chuir
liom do cert da ttarla is-tigh
an fert már shil mh'fabhra a fhuil.
27 An talamh gan toraidh thríbh
a fhochan ní fhalaigh úir
ní lía toradh na gcrann gceóil
folamh ad dheóidh call fá chlúimh.
28 Ní thráigh tonn ó thesda sé
do-chóidh ar long feasda fáoi
gan teacht slán as omhan é
do gonadh mé i gclár na cáoi.
29 Iomdha tobar dér ar dáil
ar lén ó chogar do-chúaidh
ní ferr bráighi ar dheirc re deóir
fainne reoigh ag ceilt an chúain.
30 Osglaidh Uilliam doirrsi ar ndeór [792]
tré Uilliam ní coimsi a gcrádh
a gceann slóigh go ndeachaidh dhíobh
nír dhóigh síol Eachaidh i n-ágh.
31 Clíar náoidhe a n-egar fan úaigh
mar badh dáoine a n-egur óil
Fionn mar do fheichead[h] don fhéin
sionn don chléir as breithemh bróin.
32 An líog-sa ní foighthi ar faill
ar líonadh dum thoirsi truim
cíoch na toirsi do oil inn
a nOil Finn fán gcloich-si í Choinn.
33 Fert Uilliam tarla rém tháoibh
mh'fabhra fá Uilliam ní íadh
ní racha bean tar mh'ais úadh
ní dúal gan fer glais ag gíall.
34 A fhir nár dhathaidh an deóir
ag sin gan toradh an tráigh
fert í Choinn da bhféchtha féin
do-ghébhtha dhéir ndoinn re dáil.
35 Bás táoisigh thoirnius ar ttrén
oirderc 'gá chaoineadh an cúan
ferthain ar ar docra díon
an tsíon chorcra fherthair úam.
36 Láoich ferdha ag dathadh a ndeór
máoith meanma ar na macaibh ríogh
créd acht cuibhrioch con ó chúan
úagh í Luighdioch ag dul díom.

Royal Irish Acad. / Trin. Col. na Tríonóide, TCD

37 Lór do bhrosdaigh máoithe ar mhnáibh
cáoine an ollaimh ar an úaimh
cóir nach gcongaimh derc a déir
nír chlecht gan réir ollaimh úaidh. Úait[ne] ...

494

Uasal an t-ainm Eoin bruinne
[O'Conor Don, fols. 77a-77b]
[Deibhí, Dán Díreach]

1 Uasal an t-ain*m* Eóin br*ui*n*e*
a-dheirthi ri*am* romhuin*n*e
an t-ain*m*-sin ris an esbal
ón ai*m*sir do eirgestar.
2 Eóin br*uinn*e da rádha ris
a-tá agam ré ait*r*is
ar chách [má] do-chúaidh a snáid*m*
an fáth fa bfu*air* an forain*m*.
3 'Na dhalta ionmhuin más f[h]íor
ré br*uinn*e Íosa an *air*dríogh
bheith d'Eóin as uime do lean
Eóin br*uinn*e fa dheóigh dheision.
4 Lu*cht* áoinleaptha l*eth* ar leth
Eóin bruin*n*e & Día dúilec
Mac Dé d'énfuil & Eóin
sé da sgeuluibh 'na sg*r*ibhneóir.
5 (A b*r*)[M]ath*air* Eóin uasal an céim
do chloin*n* énmhath*ar* íadséin
maith g*ach* gnio*m* dár gnath*aigh* sin
as math*air* Ríogh an ríchigh.
6 Da Mhuire a maithr*eac*a so
Eóin easbal & Íoso
mná úaisle nar aomh gesa
as uaisle c*r*aobh chóibhnesa.
7 Eóin br*uinn*e do br*i*gh a gháoil
is [a] oilemna d'éntáoibh
Rí(gh) fíre na sé seladh
do-ríne é d'úaisleghadh.
8 Fú*ar*adu*r* easboil eile
do maithibh a muin*n*teire
bás do t*r*uaill a bfeoil 's a bfuil
ag*us* do-cuaidh Eóin ionmhuin.
9 Cuid do ch*r*ochadh cuid d'fhennadh
is cuid dibh do dhithchenn*ad[h]*
Mac Dé ga dhalta cridhe
dob é m*artr*a a mhuin*n*tire.
10 'Na chodhl*adh* do-chúaidh a chorp
Eóin bruin*n*e beg da náo*mh*ta*cht*

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

as an*n* do moth*aigh* se sin
thall a bfochair Dé dhúiligh.

11 Ar nimh ón ló sin a-lle
mu*r* ta ana*m* Eóin b*r*uinne
bíaidh fa dheóigh an chalan*n* c*r*iadh
is ana*m* Eóin *ar* áoinrían.

12 An láoi beg-sa as ben*n*a*cht* lé
do cungna*mh* liom ló an fíne
beith fa fhasgadh as díon da*m*
bíodh ag an asbal úasal.

13 A tshiúr úasal Eóin b*r*uin*n*e
fú*arus* furta*cht* oruinne
a theine bheo an toigh[e] thúas
a c*r*oidhe gan cheó *ar* chogúas.

14 Maith da*m* & déna*m* síodh
a chroch úasal an *air*dríogh
m*ar* b*udh* cóir ar n-aire ort
nach raibhe m'óigh *ar* t'fu*r*ta*cht*.

15 A mic Calproin*n* ní háil lióm
úait *ar* n-i*ar*ccomh*ar*c choitchion*n*
dúais da úaisle a*cht* an tegh thúas
gu*r*ab nemh úaibh-si m'éndúas.

Droighneach Poems:

495

A-nois do críochnaigheadh cearchuill na cródhachta
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 195]
Seaan Óg Ó Dalaigh cecinit
[Droighneach, Dán Díreach]

1 A-nois do críochnoighidh cearchuill na crodacht[a]
a ndeaghthuinn a rolachta a síothbroighin na saoi[dh]eachta
leis a mbúantamhu(i)n sít[h]e saoghalta
(sé) a háondalta cíche íar ccuartughadh a caoilleaptha.

2 A measg Ghaoidheal ó nách fúair-sé a hiomchabhuir
*tuidhoncolaidh an uaisle gus an áoinfhear gán anfoiger
a rothoil don crodhacht a ccéill cuirfidher
cluinfidhear aga fhéinn [ródhocht?] is ní rannfoighear.

3 Leantar an duthchus leis an ndreag(h)an oir(d)nighe
cóillbhile cúlchas dá nach eagal ainbhfine
ga hathbeoghadh na crodhachta do bhriochtgha balbhmhuire
tadhguirre gan mórfholta lea ttiocfa ar ttairngir[e].

4 Díarmuid Mhagh Cárrthuigh a sáoirbheangan saoigheachta
a háoinleannán draoigheachta le bhfaghtar gach órshompla
crann baguir a n-aghuidh gach éindeacra
don tréinealta do aduimh cobhuir na cródachta.

Royal Irish Academy, Col. na Tríonóide, TCD

5 Mar sin fúair a háoinshlighe go siorruidhe
do-chúaidh dá díonfhaire gus an sáoirbhile séimhidhe
tug a cearto(i)l re hathuidh don áondhuine
an sáoruire don chathfhuil aga ccleachtadh ceilidhe
an gríobh fhionnghlan lé bhfhuil gach fáidhfhile
a hiomdhagh a n-áirighe gur chuir go céillidhe.

6 Seabhac siobhlach tíre tairngire
daighbhile sídhe dan diomdhach doirbfhine
an chrodacht le bhfaghthar uaim gach fonnmhuighe
ni bhfúair comhnuidhe gus an oincoin oirnighe.

7 Gearb fhada a hódhacht níor charuidh a cuid(h)eachta
an chródhacht aidir gach druidealta nír gabaidh (?) re na groddhocra
gur gh[e]abh gus an ngormdhearach gan uaill^{r} n-aigeanta
ar feadh a faideachtra ní coimhleabhtach codolta.

8 Ar mac Diarmada ní bhí 'na bandeora[idh]
mallsheoluigh a fhialbuga í dá *mhínfeachuin
lé a ghoire don chrodhacht d'aithle gach iombhualuidh
a díolluaghuil arna aithne da hodhacht dob indeanuim.

9 Gé tarla a chrodhacht le headh a n-áontughadh
gur bhean a háontoghadh as an óghacht a heachtmhogha
ag neach mur é úaidh níor an a chíochcara
gruaigh mhíontana dar ghlan ré is réaltana.

10 Is í thug ó thoil a toil da tháobfhine
glan an cháoilslighe nar gabh tar gach gráidhfhine
mur sin do chuir go coimhghlic a díonfhaire
ar an síodhuighe oirdhric léa bfhuil gach fáidhfhile
tig an chrodhacht 'na ceann go céillidhe
ceilidhe do bhfearr aga hodhacht a n-áirighe.

11 Anfuidh aige ní hadhbhar doimheanma
aga [a?] hoileamhna don armghlan infeadhma
cuirfidh an chródacht 'na comhluighe a comhardha
comhumhla da hoghdhacht nach comhnuidhe cinneamhna.

12 Dagfhlaith oirdhric as féile ré fileadhuibh
a ccéile don chineadhfhuil as foirmghlic oireamhuin
cneas síthsheang nach dóigh do Dhanaruibh
do daghfholuibh an tshlóidh as sírfhearr oileamhuin.

13 Áonmhac Díarmada ar sáorbhile séanamhuil
áonshlighe ar ttreandholuigh ar fhíalbhug(h)a an tsháorshlat shíothamhuil
beithir an úair-se as féile re haoidhéadhuibh
ar ccéile don stáoirfheaghuin as úaisle led fhíonoluibh.

14 Deaghshamhuil Ghuaire órthóir an fhíoroi(gh)nigh
cíoghoighir an cróchsloidh as buaine fa bhuanfholuibh
úa na ccaithbeodhamh as córa do Ghóoidhealuibh
flaithleoghan don tsháoirfeadhuin as crodha da g[c]ualabu[i]r.

15 Díarmuid Mhágh Carrthuigh ar ccáoimhchóill chubhruidhe
ar n-aonchrainn chubhruidhe ar nach faghthuir ainbhfine
coghnach rioghmhac Ealla dh'ionghuire
earra gach iorghuile dionshlat ar ndaingni-ne.

Roinn na Scríbhinní na Frionóide, TCD

ua na ccuradh leis nách omha[i]n oirbhire
coillbhile toruigh Mumhan maighridhe.
16 Foghluidhe gach criche caithleoghan doghonta
flaithbheódhamh somholta síthe *soineannda
aghuidh nár dá nach eagal anfholta
dreag(h)on gan rodhocra do dháimh nach doimheallta.
17 Áonbhrat na suadh uaithne an fhíoroinigh
a chíoghoigir bhúainte a gruadh mur an ngléighealuigh
ag so mo ré iomshlán in gach [ao]indeabhuigh
m'iomrádh do Ghaoidhealuibh é tar gach éinfhedhuin. A-nois ...

496

Deacair gan oirbheart ionnradh na huaisleachta
[RIA 540 (C/iv/1), 166r]
Máolmuire Ó hUiginn cecinit
[Droighneach, Dán Díreach]

1 Deacair gan oirbhert iondradh na huaisleachta
a guaisbhrechtra d'ionnradh ni foirnert físmholta
fulang a háladh as beg nach bháisbherta
do ched a gnáisrechta ga gabhadh is grisghonta.
2 Gidh bé lérb áil an úair-si a hairmbearta [166v]
do dháigh daighlenta na húaisle gan míonlochta
do dhíon a ghrinnchor gé damhna doirbhdhecra
gan gabhla oirbherta da hiomchar ni híonmholta.
3 An chéd chuid da nós do dhíon a dhaghanma
sníom a haradhna ar tós da gach tigherna
da chor thrá ó dhoirbnert an deghumhla
la a leanamhna d'oirbhert bhus infhedhma.
4 Ni fuláir fós da céile coimhgheine
a fhéile gan oirbheire ar tós da thairrngire
ó fhulong an dúaigh-si re degh[th]oil gach do(i)rbhghoimhe
derbhtha[i]r a ccomnaidhe an úaisle tar ainmfhine.
5 Ni ghabhann *grían re dúilibh doigherdha
núinimh a ghoimfhedhma bud dáil deghanma
céim deaca(i)r a n-ágh da feramhla
lámh re nemhumhla d'feacadh a haradhna.
6 Uilliam mac Uaithne an úair-si as imnedháigh
is uaithne re hímdeaghuil don uaisle ar airrdheanuibh
díon á tedhmadh d'oirbhert ainmnighid[h]
ó fhoirneart aindligidh do dhearbhadh gach daighleabhair.
7 Flaith Cruacháin a fiuchadh[r] fuaráin-si
núachail á búanáigh-si a slightibh[r] a síondúaidh-si
suidhidh san bpurt fhionnghlan fhéráoil-si
re *hiocht gach endáoirsi d'ionnradh a fhíorúaisle.
8 Do-bheir cleachtadh iomchuir an anúaluigh
nach legthar le roluadhuil grionnchuir an ghlanfhéindigh

Royal Irish Academy, Coláiste na Tríonóide, TCD

a theisd gan athchor go cían coimhshínídh
gur róidhírigh fa íath dathghlan daighEimhir.
9 Ni filleadh as dúal don teisd-sí o tromdhámhaib
a[n] ceisd-si a ccomhdháluibh as dúadh ar dheghdháoinibh
derbhaidh mar s[o]in a heachtra ’s a hainríaghail
a toil d’ainmíanuibh shleachta senGhaoidhil.
10 Céim doiligh a-n[i]ú is neimhiongnadh
deighiondradh an oinigh riú ar na roshnadhmadh
fíorfuil Neill is Cholla ar ccoimhiondladh
gan réim roidhiomdhagh sonda re solabhradh
réim an da chrú re dicheal deghúrlamh
ni nemhfhonnmhur a-n(i)ú do-chiter a cho(i)mhadhnadh.
11 Fuilngidh Uilliam Ó Máol morMhúaide [167r]
gach táom clodhbhúaidhe le truimmhían trénbháidhe
is iomchraidh an úair-si gan f[h]oirnert áoinline
úaisle a cháoimhdhine d’oirbhert énlaimhe.
12 Fóirfuidh a-nú do lathair ar labhras[-s]a
fa chlú an anma-sa le fáthuibh foirmfhesa
’s bú[dh] díon ’s gach táobh re hucht n-ainbfesa
do lucht aighnesa ríomh a chráobh ccoimhnesa.
13 Ni frith sen ón úair fa hoiglenamh
an sdúaigh dhoidleabhar do geabh ré gégmholadh
a ttimcheal chóig ccríoch na ródbhruighen
’s ni fríoth ógbhuidhen ré á bhóid do bhrégnughadh.
14 Ua Eochaid nar thais ar thréniathuibh
eochair gherfhiadhaig gach glais go ngaoiríaghail
gég ronúa gan bhéim ó bheódhámhuibh
daghúa gleógházbhaidh Hí Néill Naoigiallaig.
15 Tesda áigh ni théid ré tnudhbhertuibh
on ngéig n-úrdercghloin gan gráin re gníomhdhocraibh
ar ndol ’s gach caithir da *cheilt ar sháoibhrechtoibh
cáoimhdhearcaidh fa leith do na flaithibh ’s dona fíorbhochtaibh
díon ar teidhm a réim a róghlea[cth?]oibh
céim le mórlegthar gach feidhm nach fiormholtair.
16 Fedh a bhruighne is da cheóluibh códalta
a fhuighle nach ogalta do beodhuigh a bhuigealta
bláth gan béim lér éirigh aigenta
féinigh ar fhaidechtra don chléir as cuidechta.
17 Láoch as orra le hainm da fhíoraithribh
pailm do síodhfoichnibh Colla chúaineithrigh
sreabh gheiles do gheibh os fhérfaithchibh
leighes gach énaithfir neimh ós núabheithribh.
18 An mac-sa Onóra ar n-eng abhachta
cenn dánachta glanágha á ghaoilshleachta
is mac Uaithne ar ndrithle dáonachta
crithre aobhacla is uaithne fa gach áoindeacra. Deacair ...
19 Na dermuid misi á mhathair an Dúileamhoin [167v]
a sheisi buidhemhuil a ttrathaib trénoinigh

Roinn na Lámhscríbhinní, Coláiste na Tríonóide, TCD

bioth dar ttérna a Mhuire or mórfhoghoil
do ghuidhe óghamhail gach áonla ar h'áonoighir.
Ni hoirches gan cuimhne ar chlú Mairgréige
's ar chrú na glanghéige gan duilghe daghmhóide
iomda ar sgéluibh toraidh na tirmghéige
d'foluibh finnGhréige do gléshnoidh garbhróide.
Mairgrég Clithfiort lér cabhradh ráonfholta
deighthecht a dáonachta mur adhnadh áoibhiolta
turnadh biodhbhadh gan barr ndánachta
ionnradh abhachta na nGall nGaoidhiolta
ar ngég thais ar ttreabh úracla
ar seadh gan dúrfolta re hais gach éindeacra. Deacair ...

497

Docair cur lé déanamh na daonnachta

[Sir Con O'Neill's Manuscript; National Library Microfilm NLI Positive 6671, fol. Kr]

Diarmuid Mac in [Baird]

[Droighneach, Dán Díreach]

Docair cur lé déanamh na dáondachta
gá haoinfher saoghalto do thoil a tábhachta
dar chóir buing lé sgaoiledh a sgíamhmholta
cúing as ríaghalta do gach áo[i]n[fhior] dá árrachta.
Dúain fá réir a gníomh aga gérfhaire
más fíor do gach sgéaluighe as dréim lé dáoroire
ag so na fúighle lé bfhogh(th)ar gach fáidhfhile
is dá duilghe d'áiridhe ómhan gach aonduine.
Ní bég in céim freasdail a furnaídhe
bein dá hurbhuidhe is deasgaidh doirbhdhighe
as cuing í nach éidir dá hionmhuine
buing dá hionghuire gan ní éigin [d']oirbhire.
Ní mór gan teacht as-tegh dá tarbha-so
bhan ghort mBanbha-so fedh na foghla-sa
gníomh foirfe 'ga tárla troimgheasa
dámhna doilgheasa choídhche a comhdha-sa.
Tárla áon dá cur as a cróilighibh
búdh fóiridhin tsháor do mhagh mionOilid[h]
maith an t-am(-sa) don trían-sa thúaighemhain
do shlúaighfhedhain Gáll 'na íarsma fhíoroinidh.
Tomás Óg in g(h)aothmhac geanamhuil
bhá fhód Feradhuigh ní m(h)aothshlat mhionfhiod[aigh]
éarla cláonnocht dar dhíall d(e)aghUla[i]dh
in dáondacht ar aradhaín 'gan fhíal iniomuil.
Ní mór do chách úadha ag anamhuin [Kv]
fáth rámholaidh arin ccuanna ccenamhuil
tárla 'na ráon ar cenn gach comhadhuigh
in chráobh fhóghamhair óna gérr gemhadhuigh.
Croidhe férrdha don fhéile is énaltra

Royal Irish Acad. na Tríonóide, TCD

menma shéaghanta ar ccéile cáomhanta
cuirther lé tréighibh in fhéil aoibhealta
sgéimh náoidhionta ar dhéinimh na daonnachta.
9 Ní gníomh falaigh don chraoibh is comharlighe[r]
do tháo[i]bh coirmfhéile nir tabhuigh tromnáire
fada ar cuimhne an sáorfer sean(g)Ghúaire
Gaoidheal dar deghbhúaine *dailge na doirbhdháimhe.
10 Béaraidh an t-ainm-sin gan chíaigh aga cháoimhfhine
a ndíaigh in dlaoibhile nar fhoillsigh áonoire
bíaigh iomrádh lé ríar gach ródhuine
fá iath ccnobhuidhe fhionnbhán Laoghuire.
11 Is cuid dá mhíanuibh mar obair d'áiridhe
ráidhbhile tobair 'gar chían ar ccéilidhe
a thoil féin d'fhoghbhail do gach áonduine
do chéim in tsháorruire connmháil ar ccléiri-ne.
12 A labhram sunna budh sgéal sgíobhionta
dér dhilionta urra gach áondocra
budh léir 'na cheimibh sáora súaighenta
núaberta cáola re déineimh daonnachta.
13 Búdh híomdha thrá ag tríall dá thárr[th]achtain [Lr]
clíar le gnáthmholtuibh gach lá da *lúdhrochtain
annamh tegh mar thigh an tsháoirchlearcaigh
treabh ghnaoichleachtaigh is dil ré *dludhbhochtuibh.
14 Budh híomdha 'mun treibh ngil is gníomhaighe
fir 'na ríoghluidhe ó fhleidh da léiribhe
budh hiomdha cu[i]r (?) san dún is dáoinidhe
is sáorfhile ag súr a chruidh ar céilidhe.
15 Lucht an chóigidh ní dál díomdhaighe
lan d'ionmhuine an óigfhir is ainmnighe
lámh gan deaca(i)r acht d'fhior oirbhire
coillbhile d'fhiodh Breatan is baillghile.
16 Cuingidh ag c(h)ur ghlíadh is grodhdhocrach
cíabh bhogfholtach ar a chradh nach caigealtach
croidhe fial 'ga ttárla tro(i)duchtach
bogUlltach chíall n-ámhra n-aigentach.
17 Airseóir glíadh ag foghuil na bfhíorurra
adhaigh mhionullamh um riar nar rádhonnadh
lámh ón ferr sáoirse na súadhollamh
is 'na chenn fúaramar san taoibh-se a ttárramar.
18 Ar luibh chobhra ar slighe snasbhunaidh
ar ccroidhe mars(h)amhail (?) ar chomhdha ar chnesgonuibh
ar bhfhód sealbha don tsháorchloinn Shagsanuigh
ar áonchuing le gasradhuibh Teamhra treasghonaigh.
19 Ó nach bhfuil du(i)nn fá dhóghra ar ndánachta [Lv]
acht an túr árrachta ag comhdha a cháomhmholta
*oíghre Dé dá dhíon ar dhláoidheacra
in ghríobh áoibhealta dé deirigh na dáonnachta. Docair...
20 D'inghin Áodha ní raibhthe ríoghnáire

Royal Irish Academy Tríonóide, TCD

taoma gníomhmbáighe san ghairthe ghnénúaidhe
Mairghreag mar sin gan séana na sao[i]rfhéile
pailmghéag is gnáoidhréidhe gan éara fhir énúaire.
21 *Leanaigh in inghion fhíal in ealbha-sa
in fhían Eamhna-sa gan ionnramh ionnmhusa
coin fhíadhaidh na críche Connla-sa
tonnfhrasa tríthe d'fhíalfhuil fhionnRosa. Docair ...

498

Fada leigthear Eamhain i n-aontugha
[O'Conor Don, 250b]
In fer céadna (Eochaidh Ó hEóghusa) / {Giolla Brighde Ó hEódhusa}
[Droighneach, Dán Díreach]

1 Fada leicter Emhain a n-áontugha
ga háontogha da feruibh le cceilter a cedchumha
fada a-tá gan ríghfer a riachtana
síneadh a míantola do chlá a cédfadha.
2 Míle do bhlíadhnoibh is trí chéd a ccomhláine
don tréd do bhí 'na n-órmháille 'gun gríanmhuigh gormúaine
nár shuidhsiod Ulaidh dob f[h]atha dimbrighe
'na seinríghe ós tulaigh Mhacha mhongrúaidhe.
3 Na tri Cholla ádhbur na hurbhuidhe
fulnguidhe lonna ler hádhnadh a n-oirbhire
marbuid lé nemhrath ccatha a cc[e]indbhile
deirbhfine flatha na Temhrach toinnghile.
4 Ar ngoin a códhnuigh a ndíaigh a degheguir
nír mheileduir ón ghliaidh an mhongghla[i]n miodhabuidh
ní dóibh fa doilge an fheilbert anabuidh
an eigreacht fa rabhadur gan oigre 'na n-ionaduibh.
5 Mac flatha Fáil tresan bfealloighidh
greannuighidh a ccatha do traigh a dtromfalaidh
suidhis 'na airdrigh ós Boinn mbindealuigh
cinneamhuin a bfairbrigh do-chóidh fana Colladhuibh.
6 Glúaisid lé nemhghoimh d'éntoil gan f[h]íafraighidh [251a]
go Témhroigh na ttríathbuidhen n-échtuigh n-áithshledhuigh
dár shirsiod roind(h) gan iorgail gan fhíchdheabaidh
do ríghthealaigh Fhloinn ar in mbíodhbaid braitreamail.
7 Do ráidh gur dermaid 'ga (a) roinn tresan roimeabail
an drong [i] ngoimeamhail tresan sreabhlaig seinealaidh
a ngebhdais d'fóirnert don ádhbhuidh f[h]uinedhaigh
óigreacht Mhuiredhaigh dá (a) ghabhlaibh geinealuigh.
8 Glúaisid ar daghúair nír chobhsuidh a ccómhnuidhe
gasraidh fa hurloimhe ré hanbhúain gach urbhuidhe
go rochtain dáibh do dhioghail a senghoimhe
tar ochtaibh chláir Férnmhoigh[e] ar ríoghfuil Rughraidhe.
9 Srethaid a bfhédhna nír tharbha a ttarrachtain
fa bhanochtaibh Emhna mar nár ghnáthda[r] a ngaoilshlechtoibh

Royal Irish Academy, Cnr. na Fríonóide, TCD

re secht n-uáiribh da ndeabaidh dhíoghaltaigh
do meabhuigh d'fhíorUltoib ar úainibh re haoinsechtmhuin.
10 Benuid dib senróid ré sloighe ndúraingidh
ó shrubhmailgibh Doire go lennBhoinn^{r} leibhennghloin
Fergas fogha fa rath don ródamhraigh
ar thorannmhoigh Chobha ad-bath da mbeimiorgail.
11 Ar ttórnamh cháigh don fhedhain féidhmlúthmhair
bennmúrthair gach ráith fa Emhuin n-iolgháibhthigh
tucsat cíochur a clár ngormshúaithnigh
'na smál donnlúaithraigh ar ndíochur a dionnláithri[gh].
12 Fada dhi gan céile da cóibhnesoibh
fa lí ndoilghesuigh ón mheinne menmfhosaidh
folchor o shoin a faithche a bfinndreasoibh
na foil acht imreasuin fa aithne na hÉmhna-soin.
13 Agair a ádhbha gríanach na ngormacra
dámhna do tromdhachta ar iallach t'arnochta
fine Cholla na ccoilgshleadh rinngreanta
orra is inleanta d'foirgnemh gan údhnachta.
14 Os síad do dhún anba in iomlúaghail
múr fad t'fionnghuaillnibh arda a gairbfíaghuil
cuimhnigh t'falaig agair ad t'anbhuainibh
raghain an dagsluaighidh re n-abair Oirgiallaigh.
15 Ar mac Mairgreg a ndeghaidh bhur n-iomduighe [251b]
as ionluighe a Emhuin tar ainmhéid t'óirbhire
dlighidh a ccumhail fréimhi Rúdhruidhe
furnoidhe céile bhus cubhaidh ad chóibhlighe.
16 Cú Connocht Óg an t-aoidhe lér anabhair
ris an mbaramhail ré (a)ttáid na draoithe na dealaighidh
's na bídh dó-san muna díol ad deighferaibh
sosar geinelaigh rí[o]gh shíl senUidhir.
17 Enbrath cáomhthoigh as ferr dod t'aodhairibh
cenn ó sáorUidhir máolfuidh bur mímhedhair
féchfuidh oruibh ro-d clá as do croilighibh
a-ta t'foirídhin romhaibh a ríghEmhuin.
18 Do-bhera íaramh tar éigin t'forraóine
niamhadh ronaóidhi ar do chéidibh clannáillne
órfuidh taisi do treabh mbenduáine
maisi dembuaine ní ba hedh a n-iomaille.*
19 Búdh mór b'fedhain nach bfuilngidh súaimhnesa
a ndeghaidh t'uaingesa fad druimnibh diamra-sa
budh terc ingeilt ar mhoighibh múrghlasa
ó groidhibh lúdhbrasa ar n-imthecht t'fhiadhlu-sa
a port caithmhe séitchi sáoirnesa
fa raibhthi áoibhnesa eitche t'fiabhrasa.
20 Gléifidh dot oighidh (?) a óg fhoithnigheal
goirfiter ó Mhag Uidir bur n-aithmhedhair
soifidh doigh coimhthinn do cnedhchumhadh
mar oigh lén nemhchumadh íar ttoirrchim a taithfnighadh.

Royal Irish Academy © Chóir na Tríonóide, TCD

21 Nochtfuidh a gheúgrath caillgeal cráoibhseunta
cédbhláth náoidhenta ar do mhailgibh míonacla
da rois urra do chaithmhe ’s do caomhanta
gach áonsompla sunna budh raibhthe ríoghachta.

22 Ní bhía derna ’ga (a) gaibhnegh lé gliadháidhmibh
no menma míadhainghidh ’ga toirrnemh a ttréiniorgail
bíaidh dha sompla a bpurt gach priomhfhoghlaidh
an lucht ádhbhair[r] gan fholta a n-einiomdhaigh.

23 Biaidh an talam-[r] ré n-íodhnuibh ’ga a fiadhughadh
lionnmu[i]r gríanfholamh is roga ’ga a relúghadh
bruth an ádhbha a n-úthaibh na laoghoighedh [252a]
gabhla cláonndoiredh futhaibh ag fréumhughadh
dionnchladh gach mhoig- (?) da mhiniugad
lionnchor síthealadh oirem a n-enfhogur.

24 Barr gach fedha ar éigin ar enchuma
fethlunna meala ina bféigibh f(h)íarchorra
fan gach druimne go loinnir lócranna
orcalla suirge ar na coillibh cíabhthroma.

25 Trillsi sgath da ccleith um gach coirrthealuigh
beich a ndoirchfhedhuib ’ga mbrath as a mbionnchoruibh
meabhaidh gach tirmlinn re torcharuibh
deabhuidh mórthoraidh ag ingrim gach fionnchalaidh.

26 Sgáoilidh decra fola fionnGháoidhil
ní hionmháoidhimh ana do thecht as a troimriaghail
gég don fhíodhbaid o braonBhoinn bhennghuaillnigh
tennghuaillnigh ré bíodhbaidh an áobhshloigh Oirghiallaigh.

27 Urra ó bfaghor a senchóir lé sidhEmhuin
fínemhuin thoraidh an ghealchlair Gháoidhealuigh
menma shúaimhneach a ngaisde ghleódhoiligh
beódhoighir lúaimhneach as fhaisde ré n-áoidheadhuibh.

28 Glas sholais ar gréin nó as ríomh ar rellanuibh
sniomh bas ar trénndaruigh nó as dreim fhorais a bfhodhomhain[r]
nó as snádhmadh tighe os glennmhuir ghlédhomhain
righe re céimionnaib an rennghloin rúnfolaigh. Fada ...

499

Geall ré heighreacht eangnamh ríoghdhamna
[RIA 744 (A/v/2), 53a]
An fear cédna .cc. [Mathghamhuin Ó hUiginn (52b)]
[Droighneach, Dán Díreach]

1 Geall ré heighreacht eangnamh río[gh]dhamna
síorlabhra a dheighbheart fá bheannmhagh mbráonBha[nbha]
geall ré hanóir ríogh río[gh]dhamhna
an gníomh fiorbhadhbha as fearr d’fagháil gach áongharma.

2 Gach neach don riogfhuil go réim oirbhearta
ar ghníomhaibh oirrdhearca ar mhéin gan mhionlochta

Roinn na Séadchomhartaí, Coll. na Tríonóide, TCD

mur so as dúal dearbhadh a dheighreachta
túar eighreachta dho a eangnamh ionmholta.
3 Teabóid a Búrc na mbeart gconnla gceardchubhaidh
dearc sheabhc(h)umhail nach gurma drúcht ar dhionntolaigh
do thúair ar a thréidhibh oighreacht a áirdchinidh
do dhéinim guail do gailltighibh ar oirbeart n-iomchubaidh.r
4 Foghlaidh rúin d'aindribh gach íathmhuine
fíarmhuine a chúil fhailgigh órbhuidhe
téid ar chlú eangnaimh ós réim na rioghruidhe
ar fhíorghlaine a chrú mheadhraigh mhordhaidhe.
5 Cuirfidh do chlá(i)r Éimhir an úair-se airmea[r]ta
féinnidh aindreanta lámh as uaisle [il]bhearta
leanfaidh fós ceann an fhine airmghreanta
nós a dhaighshleachta gá sl[igh]e as f[h]err inleanta
ar bhúaidh dtachair ar fhoghlaibh oirrdhearca
fachain oigreachda do sduaigh [arm?]ghloin fhinnleanta.
6 Ríon foglа(dh) ar gach caladh da cháolbhárcaibh
áolbhántuir dá mblodadh fán mBanba miondrúctaigh
fer an achaidh a gcríaidh clúmhléntuir
ag glúnshléchtain a ngliaidh don rathfhuil ríoghBhúrcaigh.
7 Búdh mana foghla d'Éirinn fhinnleasaigh
dá n-ana(dh) a imreasain mun gcéibhfhinn gcaillmheasaig[h]
ni bhía cúil don fhódmhaigh Eamhna-soin
gan mhearlasair ndúin ón ógbhaigh airmgheasaigh
slóigh an fhuinn Mhuimhnigh airgfidh iná (a) n-ionnmhasaibh
ón tuinn chainntigh Chl[iodh]na-soin go Boinn mbuidh[n?]igh mbailbe[as?]aigh.
8 [..] éid[si?]ortha fíochshlúagh ar feadh ar seinbBreaghmhuigh
ag eingeanmh[... ...] dá shíothgruaidh *seingmailghid
['s?]ag forbhais an tslóigh feardha fhionnLaighnigh
ó Bhóinn thiormaibh[nigh go Bearbha?] ngormglais ngealmha[ighrigh?]
9 [Ó] Léim na Con go hEachtgha oirchearaigh
crodh 'na ttroimceanaibh reampa ruinnfidhear
bíaidh go túathaibh an fhuinn anmcha [...]
's go Cruachain nglanchladhaig Chuinn tré choimhthin[...]
10 M[ac] mhic Dáibhíth an chneis sháordha sheangfhortuil [53b]
ceangaltair leis láinshíth as caomhna do Chonnacht[aibh]
gan fhóbra cean tar a mhóid mhallfhoclaigh
gan fhógra ar anshocraibh ar fedh a fhóid fh(i)onnfholtghlain
leasg lé háonduine a fholta d'fhionnachtain
d'iomarcaigh smachta an chaomhmuighe Chonnachta[igh].
11 Oighre Ghráinne grúaidh mar fhíoncháora
níor thúair a ghníomhtháomha acht fáidhe fíorch[ár]a
ní lía ann céime ag adhnadh a fhíochtháoma
ina tréidhe fíorcháomha dá ría snadhma[dh a síothchána?].
12 Meic riogh 'na dhíaigh go ngreadhaibh gniomhmbrasa
gníomh an díormu-sa a ngliaidh ní deabaidh d[énmh]usa
fúicfid gan díon bá damhna úainghiosa
slúaighleasa ríogh 'na ndúintibh falbha férglasa

Royal Irish Academy, Cat. in Triónóide, TCD

sáorcrann cheiníl d'fholaibh an íarla-sa
cobhair fhíabhrasa láochbharr seinshíl Sérlasa.
13 Fann gach bráon re linn an láochrure
barr na láochraidhe do chinn ar gach áon dá fhíalchuire
gach cráobh chumhra ar a glú[i]n 'na gnáthluighe
gach bláthmuine cáomh ag umhla d'úir gach íathmhuighe
fearthain mheala tré mhoglaibh máothbhuidhe
cáorthuile a dtobraibh geala gríanchloidhe.
14 Seóid 'gá sírbhreith ar fhíndigh 'na n-imirghibh
ó ríghdhreich shlimfhinnghil an dílligh dhonnabhraigh
cead súain ó ghreadhaibh ag giollannraigh
do-chúaidh fionndhamhraigh Eanaigh d'ollamhnaibh.
15 Fúair sé geall ar thréidhibh tigherna
é as fearr infheadhma a gcéimibh na ceanadhra(dh)*
tós a gcathaibh 'gon fhéinidh oireaghdha
dá thréighibh soineamhla fós fachuin deaghanma
móradh céall íarnadhr fhear n-anumhla
ríaradh dhream ndanardha óradh fher n-ealadhna.
16 Ag foghail fhóid Chuinn dá chathbhuidhin
na róid tre chlachmhoighibh Chuinn bá f[l]iochdhomhuin
súaill gach foghail do chóir a chreachmhuirir
leathnoighidh 'na conair mhóir gach mionchonair
gé bheith búaidh gacha feadhma ag flathchuraidh
ré sdúaigh gcarthanaigh Eamhna ní hionchomhair.
17 Fúair clú fá cheann gach neith do neimhdhearadh
dho bhreith na seinleabhar gá clú as f[h]err do hionghoireadh
ar dhíbeirt eachtronn ar fhógra bfhoghloigheadh
fá ghormoirer bFódla na seantonn sriobhroigheal. Geall ré...
18 Meadhbh inghean Chathail an chúil óirchiabhaigh
finnbhean ghlóirchíallaigh do thúir rothoil dá ríghthréidhibh
a clú dá choimhreic a ngioll ar a gníomhtháomaibh
do fhíorcháomhuin an fhionn oirrdheirc fhíorchéillidh.
19 Bean don fhréimh ó Theamhraigh thiormthoraidh
ní hionchomhair ré a céibh gcearrnaigh gcornchladhaigh
bean ar nach bfoghthair béim ré banchumhail
do fhréimh ghlanchubhuidh gcrothghloin gConchubhuir.
20 Dáilfidh dh'éigsibh fá íathmhagh roBhanbha
an ngéig-sin as tolamhla do dhíanchor a dheaghanma
gí bé theagmhus don fhéil oireaghdha*
beanr ón coimheallmha réir eaglu(i)s is ealadhna.
21 Mo dhíon do Pheadur ar phrémhaibh mo cheanadhbur
's nach bfeadur acht neamhadhradh do sgélaibh a sgolfhuigh[b?]eadh
ar dhuthracht a[n tráth?] cá cunnla ceiliobhradh
neimhiongnadh dúthracht don bhláth chumhra cholinngheal. Geall ...

Roinn na Gaeilge, Coláiste Tríonóide, TCD

Diarmaid Mac in Bhaird cecinit
[Droighneach, Dán Díreach]

1 Iomdha dochar a *diaigh na hoighreachta
do rothoil oirberta dleagha[i]r gach deighbhearta
ní tearc baoghal do tháo[i]bh a thromdhachta
maoin is olldhocra re saoghal gach s[e]in(n)shleachta

2 Ní faghar a sealbh mas fíor ar fhabhuirsi
do líon a tabhaidh-si is dearbh gach doghuillsi
gnathach ríamh do dháil 'na deaghuidh-si
neamhaidhbhsi glía(i)dh as cóir da cobhuir-si.

3 Giodh bé ar a mbaoi oirbhert d'fhineadhaibh
budh hoighreacht d'fhileadhuibh gach láoi a leanamhuin
tárla an chuing-si a-ríamh 'na rodheaghuidh
oileamhuin chliar in fhuinn-si Fheradhaigh.

4 Os éigin dúin gan deaghuil ris na deighfhearuibh
ní dleaghar ceileamhuin an úir iliodhuin
o tharla ag Brían an t-oirbheart ar aradhain
dom oighreacht anamhuin fhíal ineamhuil.

5 Do-dhean sonna ar an ccoirnithe[r] cceillidhe
orra ar cceilidhe chaoidhce[r] da chaoimhfhine
érla druimneach don ghléire o Ghairidhe
[céile?] d'airidhe le na suirgheach saorfhile.

6 Gabham le hannsa in fhéil fhorraoinigh
bein da chomhmaoidheamh in t-am-sa is inndeinimh
urrsa ar ccathuigh re húair iomaraigh
iollanuigh slóigh achuidh fhinnEimhir.

7 Muna bheith a fhraoch glíadh ar gach gormmuidhe
nior chían ar ccomhnuidhe 'gun laoch is leanbuidhe
giolla dearbhtur ar áth gach iorghuile
fáth ar n-ionmhuine le fearcho[i]n Fearnmhoighe.

8 Oighre nimhe an t-am-sa dha anaghal
cridhe daghumhal tré annsa ar n-ealadha(i)n
mainner coimhdhe dhúin is deighionadh
rún geiliodhan ler dhoilghe dealughadh.

9 Ar son glíadh a ttráth gacha trénchuidigh
do chách ar ccíall chaomhchoga[i]r
ar ccosg gleó ar slighe siorchaguidh
ar rioghchaguil bheó ar mbile braonthobuir.

10 Cuingidh don tshliocht nach droichdhiomdha[a]
moichbhiodhbha d'fhoir[r] chniocht na cathBhanbha
dom ríar tar fhád gairthe gealChonnla
budh raibhthe deaghthorbha do Bhrian Mhag Mathghamhna.

11 Ag sin don fhíal dherbhas a dheaghaonta
seangbhos ghealáolta leis nar mhiadh míneachta
mo dheich roinn o chridhe go coimhsheólta
bile *doileanta don choill is cinélta. Iomdha ...

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD

Roinn na Gaeilge, Col. na Tríonóide, TCD